

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
26 Meitheamh 2013



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach ⁽¹⁾** 1

Praghas: EUR 14

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

* Faoin tagairt L 174 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 549/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 21 Bealtaine 2013

maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá faisnéis atá inchomparáide, cothrom le dáta agus iontaoifa ar struchtúr gheilleagar gach Ballstáit nó réigiúin agus ar an bhforbairt ar staid eacnamaíoch gach Ballstáit nó réigiúin ag teastáil don cheapadh beartas san Aontas agus chun faireachán a dhéanamh ar gheilleagair na mBallstát agus ar an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA).

(2) Ba cheart go nglacfadh an Coimisiún páirt san faireachán a dhéantar ar gheilleagair na mBallstát agus ar AEA agus, go háirithe, ba cheart dó tuairisciú go rialta don Chomhairle faoin dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit agus a gcuid oibleagáidí a bhaineann le AEA a gcomhlíonadh acu.

(3) Teastaíonn cuntais eacnamaíocha ó shaoránaigh an Aontais mar uirlis bhunúsach chun anailís a dhéanamh ar staid eacnamaíoch Ballstáit nó réigiúin. Ar mhaithe le hinchomparáideacht, ba cheart cuntais den sórt sin a tharraingt suas ar bhonn tacar aonair prionsabal, ar prionsabail iad, nach féidir léirithe éagsúla a dhéanamh orthu. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil chomh beacht, chomh hiomlán agus chomh tráthúil agus is féidir d'fhonn leibhéal uasta trédhearcachta a áirithiú do gach earnáil.

(4) Ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as comhiomláin na gcuntas náisiúnta agus réigiúnach chun críocha riaracháin an Aontais agus, go háirithe, chun ríomhanna buiséadacha a dhéanamh.

(5) Sa bhliain 1970 foilsíodh doiciméad riaracháin dar teideal “An Córas Eorpach Cuntas Eacnamaíoch Suimeáilte” (CCE), doiciméad inar cumhdaíodh an réimse atá faoi rialú ag an Rialachán seo. Dhréachtaigh Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach agus an oifig sin amháin an doiciméad sin a raibh sí féin amháin freagrach as agus ba thoradh é an doiciméad sin ar an obair a rinne an oifig sin le linn roinnt blianta, i gcomhar le hinstiúidí náisiúnta staidrimh na mBallstát, ar obair í a rinneadh chun córas cuntas náisiúnta a cheapadh lena gcomhlíonfaí ceanglais bheartas eacnamaíoch agus sóisialta na gComhphobal Eorpach. Is éard a bhí ann leagan an Chomhphobail de Chóras Cuntas Náisiúnta na Náisiún Aontaithe, ar córas é a bhí á úsáid ag na Comhphobail go dtí an tráth sin. Chun an téacs bunaidh a thabhairt cothrom le dáta foilsíodh an dara heagrán den doiciméad sa bhliain 1979 ⁽³⁾.

(6) Le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal ⁽⁴⁾ bunaíodh córas cuntas náisiúnta chun ceanglais

⁽¹⁾ IO C 203, 9.7.2011, lch. 3.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013.

⁽³⁾ An Coimisiún (Eurostat): “An Córas Eorpach Cuntas Eacnamaíoch Suimeáilte (CCE)”, an dara heagrán, Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Lucsamburg, 1979.

⁽⁴⁾ IO L 310, 30.11.1996, lch. 1.

bheartas eacnamaíoch, sóisialta agus réigiúnach an Chomhphobail a chomhlíonadh. Bhí an córas sin comhsheasmhach den chuid is mó leis an gCóras Cuntas Náisiúnta a ghlac Coimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe i mí Feabhra 1993, ar córas é a bhí ina chóras nua an tráth sin (CCN 1993), ionas go mbeadh na torthaí i mBalltíortha uile na Náisiún Aontaithe inchomparáide ar bhonn idirnáisiúnta.

- (7) Tugadh CCN 1993 cothrom le dáta sa Chóras Cuntas Náisiúnta nua (CCN 2008) a ghlac Coimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe i mí Feabhra 2009 d'fhonn na cuntais náisiúnta a chur níos mó i gcomhréir leis an timpeallacht eacnamaíoch nua, leis an dul chun cinn i dtuairimí modheolaíoch agus le riachtanais úsáideoirí.
- (8) Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Cuntas Eorpach a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 (CCE 95) chun na forbairtí ar CCN a chur san áireamh ionas gurb é atá sa Chóras Cuntas Eorpach athbhreithnithe, arna bhunú leis an Rialachán seo, leagan de CCN 2008 atá oiriúnaithe do struchtúir gheilleagair na mBallstát, agus ionas go mbeidh sonraí an Aontais inchomparáide leis na sonraí arna dtiomsú ag a phríomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta.
- (9) Chun cuntais eacnamaíocha chomhshaoil a bhunú mar chuntais satailíte i leith an Chórais Cuntas Eorpaigh athbhreithnithe, rinneadh, le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil⁽¹⁾, creat coiteann um bailiú, thiomsú, tharchur agus mheastóireacht na gcuntas Eorpach eacnamaíoch comhshaoil a bhunú.
- (10) I gcás cuntas comhshaoil agus sóisialta, ba cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 20 Lúnasa 2009, dar teideal "OTI agus thairsti - An dul chun cinn atá á dhéanamh sa domhan atá ag athrú a thomhas", a chur san áireamh go huile is go hiomlán. Is gá dul i mbun staidéar modheolaíoch agus tástálacha sonraí go bríomhar, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le "hOTI agus thairsti" agus leis an straitéis Eoraip 2020, chun cur chuige tomhais níos cuimsithí maidir le dea-bhail agus dul chun cinn a fhorbairt d'fhonn tacú le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir le seachtrachtaí comhshaoil agus éagothromaíochtaí sóisialta. Ba cheart an tsaincheist maidir le hathruithe na táirgiúlachta a chur san áireamh freisin. Ba cheart go gceadófaí leis sin sonraí a chomhlánaíonn comhiomláin OTI a chur ar fáil chomh luath agus is féidir. Ba cheart don Choimisiún Teachtaireacht leantach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i 2013 maidir le OTI agus thairsti" agus más iomchuí, tograí reachtacha a

thíolacadh dóibh i 2014. Ba cheart breathnú ar na sonraí maidir le cuntais náisiúnta agus réigiúnacha mar bhealach amháin chun na haidhmeanna sin a shaothrú.

- (11) Ba cheart an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as modhanna bailiúcháin nua, uathoibríthe agus fíor-ama a fhiosrú.
- (12) Áirítear leis an gCóras Cuntas Eorpach athbhreithnithe a bhunaítear leis an Rialachán seo, (CCE 2010) modheolaíocht agus clár tarchurtha, ar clár é ina ndéantar sainiú ar na cuntais agus ar na táblaí atá le soláthar ag na Ballstáit go léir de réir spriocdhátaí sonrath. Ba cheart don Choimisiún na cuntais agus na táblaí sin a chur ar fáil d'úsáideoirí ar dhátaí sonracha agus, i gcás inarb ábhartha, de réir féilire eisiúna réamhfhógraithe, go háirithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chóineasú eacnamaíoch bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus dlúth-chomhordú a bhaint amach i dtaca leis na beartais sin.
- (13) Maidir le sonraí a fhoilsiú, ba cheart cur chuige a ghlacadh a bheadh dírithe ar an úsáideoir, agus mar thoradh ar an gcur chuige sin d'fhéadfaí faisnéis atá inrochtana agus úsáideach a sholáthar do shaoránaigh an Aontais agus do gheallsealbhóirí eile.
- (14) Táthar chun na córais eile go léir a ionadú de réir a chéile le CCE 2010 mar chreat tagartha comhchaighdeán, comhshainmhíntithe, comhaicmithe agus comhrialacha cuntasaiochta maidir le cuntais na mBallstát a tharraingt suas chun críocha an Aontais, ionas go bhféadfar torthaí atá inchomparáide idir na Ballstáit a fháil.
- (15) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidreamh (NUTS)⁽²⁾ a bhunú, ba cheart go n-úsáidfe an t-aicmiú NUTS i staidreamh na mBallstát uile ar staidreamh é a tharchuirtear chuig an gCoimisiún agus a bhfuil miondealú de réir aicmiú NUTS le déanamh ina leith. Dá bharr sin, d'fhonn staidreamh réigiúnach inchomparáide a bhunú, ba cheart na haonaid chríche a shainmhíniú i gcomhréir le haicmiú NUTS.
- (16) Is leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach⁽³⁾ a rialaítear tarchur na sonraí ag na Ballstáit, lena n-áirítear tarchur sonraí rúnda. Dá réir sin, ba cheart, go ndéanfaí, le bearta a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán seo, cosaint sonraí rúnda a áirithiú dá bhrí sin agus ba cheart a áirithiú freisin nach dtarlódh nochtadh neamhdhleathach ná úsáid neamhstaidrimh nuair a dhéantar staidreamh Eorpach a tháirgeadh agus a scaipeadh.

⁽¹⁾ IO L 192, 22.7.2011, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 154, 21.6.2003, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 87, 31.3.2009, lch. 164.

- (17) Cuireadh tascfhórsa ar bun chun tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le déileáil le seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach (FISIM) i gcuntais náisiúnta, lena n-áirítear modh riosca-choigeartaithe ar modh é lena n-eisiaítear riosca ó ríomhanna FISIM d'fhonn costas an riosca réadaithe, ar costas é a bhfuiltear ag súil leis amach anseo, a léiriú. Agus fionnachtana an tascfhórsa á gcur san áireamh, d'fhéadfadh sé go gcaithfí leasú a dhéanamh ar an modheolaíocht chun FISIM a ríomh agus a leithdháileadh, trí bhithin gnímh tharmligthe, d'fhonn torthaí feabhsaithe a sholáthar.
- (18) Maidir le caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt, is infheistíocht atá ann agus, dá bhrí sin, ba cheart é a thaifeadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta. Tá sé riachtanach, áfach, formáid na sonraí a bhaineann le caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt ar sonraí iad atá le taifeadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta a shonrú trí bhithin gnímh tharmligthe nuair a bhaintear amach leibhéal leordhóthanach muiníne i dtaca le hiontaofacht agus le hinchomparáideacht na sonraí trí chleachtadh trialach atá bunaithe ar tháblaí forlíontacha a fhorbairt.
- (19) Ceanglaítear le Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais do chreataí buiséadacha na mBallstát⁽¹⁾ faisnéis ábhartha a fhoilsiú i ndáil le dliteanais theagmhasacha a bhfuil mórthionchair ionchasacha acu ar bhuiséid phoiblí, lena n-áirítear ráthaíochtaí rialtais, iasachtaí neamhthuillmheacha, agus dliteanais a thig as oibriú corparáidí poiblí lena n-áirítear méid na nithe sin. De bharr na gceanglas sin, tá gá le foilsiú breise thar an méid a cheanglaítear faoin Rialachán seo.
- (20) I mí an Mheithimh 2012, bhunaigh an Coimisiún (Eurostat) Tascfhórsa maidir le himpleachtaí Threoir 2011/85/AE i ndáil le sonraí buiséadacha a bhailiú agus a scaipeadh, ar tascfhórsa é a dhírigh ar chur chun feidhme na gceanglas a bhaineann le dliteanais theagmhasacha agus le faisnéis ábhartha eile a d'fhéadfadh mórthionchair ionchasacha ar bhuiséid phoiblí, a thaispeáint, lena n-áirítear ráthaíochtaí rialtais, dliteanais corparáidí poiblí, Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna), iasachtaí neamhthuillmheacha, agus rannpháirtíocht rialtais i gcaipiteal corparáidí. Le cur chun feidhme obair an Tascfhórsa sin ina iomláine, chuirfí le hanailís chuí a dhéanamh ar chaidrimh fholuiteacha eacnamaíocha conarthaí CPPanna, lena n-áirítear rioscaí foirgníochta, infhaighteachta agus éilimh, de réir mar is iomchuí, agus le gabháil na bhfiachas intuigthe maidir le CPPanna atá lasmuigh den chlár comhardaithe, agus dá bharr sin chothófaí trédhearcacht mhéadaithe agus staidreamh iontaofa maidir le fiachas.
- (21) Tá obair á déanamh ag an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch a bunaíodh le Cinneadh 74/122/CEE ón gComhairle⁽²⁾ (EPC) ar obair í a bhaineann le hinbhuanaitheacht na bpinsean agus le hathchóiriú pinsean. Ba cheart go ndéanfaí dlúthchomhordú i ndáil le hobair na staitisteoirí ar an taobh amháin agus le hobair na saineolaithe maidir le daonraí atá ag dul in aois ar saineolaithe iad atá faoi choimirce EPC ar an taobh eile, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, i leith toimhdí maicreacnamaíocha agus paraiméadar achtúireach eile d'fhonn comhsheasmhacht agus inchomparáideacht trastíre a áirithiú i dtaca leis na torthaí, agus d'fhonn na sonraí agus an fhaisnéis a bhaineann le pinsin a chur in iúl go héifeachtúil d'úsáideoirí agus do gheallsealbhóirí. Ba cheart a shoiléiriú chomh maith nach tomhas a bhaineann chomh mór sin le hinbhuanaitheacht na gcistí poiblí iad teidlíochtaí pinsin fabhráithe go dáta in árachas sóisialta.
- (22) Cuirtear sonraí agus faisnéis i dtaca le dliteanais theagmhasacha de chuid na mBallstát ar fáil i gcomhthéacs na hoibre a bhaineann leis an nós imeachta faireachais iltaobhaigh sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. Faoi mhí Iúil 2018, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a eisiúint ina ndéanfaí meastóireacht i dtaobh ar cheart na sonraí sin a chur ar fáil i gcomhthéacs CCE 2010 nó nár cheart.
- (23) Tá sé den tábhacht béim a leagan ar an tsuntasacht a bhaineann le cuntais réigiúnacha na mBallstát do bheartais réigiúnacha, eacnamaíocha agus comhtháthaithe shóisialta an Aontais agus ar an tsuntasacht a bhaineann le hanailís a dhéanamh ar na hidirthuilleamaíochtaí eacnamaíocha. Thairis sin, aithnítear an gá atá le trédhearcacht na gcuntais a fheabhsú ar leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear cuntais rialtais. Ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún (Eurostat) aird ar leith ar shonraí buiséadacha na réigiún i gcás ina bhfuil réigiún nó rialtais uathrialaitheacha ag na Ballstát.
- (24) Chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú d'fhonn léiriú comhchuíbhithe i ndáil léi, nó a hinchomparáideacht idirnáisiúnta a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Thairis sin, de bhun Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) CFAE, tá sé tábhachtach, go rachadh an Coimisiún, le linn a chuid oibre ullmhúcháin, i mbun comhairliúchán leis an mBanc Ceannais Eorpach, i gcás inarb ábhartha, i ndáil lena réimsí inniúlachta. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (25) Déantar an chuid is mó de na comhiomláin staidrimh a úsáidtear i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, go háirithe an nós imeachta um easnamh iomarcach agus an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, a shainiú de réir CCE. Agus sonraí agus tuarascálacha á gcur ar fáil aige faoi na nósanna imeachta sin, ba cheart don Choimisiún faisnéis iomchuí a thabhairt faoin tionchar ar na comhiomláin ábhartha ar tionchar é a thig as athruithe ar mhodheolaíocht CCE 2010 ar athruithe iad arna dtabhairt isteach le gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.

⁽¹⁾ IO L 306, 23.11.2011, lch. 41.

⁽²⁾ Cinneadh 74/122/CEE ón gComhairle an 18 Feabhra 1974 lena mbunaítear Coiste um Beartas Eacnamaíoch (IO L 63, 5.3.1974, lch. 21).

- (26) Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht i dtaobh ar bhain na sonraí maidir le Taighde agus Forbairt leibhéal cáilíochta leordhóthanach amach i bpraghsanna reatha agus i dtéarmaí méideanna araon chun críocha cuntas náisiúnta roimh dheireadh mhí Bhealtaine 2013 nó nár bhain siad an leibhéal sin amach, agus déanfaidh sé an mheastóireacht sin i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, d'fhonn iontaofacht agus inchomparáideacht shonraí Taighde agus Forbartha CCE a áirithiú.
- (27) Ós rud é go mbeidh gá le hoiriúnuithe móra sna córais staidrimh náisiúnta chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, tabharfaidh an Coimisiún maoluithe do Bhallstáit. Ba cheart, go háirithe, go dtabharfaí san áireamh le clár tarchuir sonraí cuntas náisiúnta na hathruithe bunúsacha polaitiúla agus staidrimh atá tar éis tarlú i gcuid de na Ballstáit le linn thréimhsí tagartha an chláir. Ba cheart go mbeadh na maoluithe arna dtabhairt ag an gCoimisiún sealadach agus faoi réir athbhreithnithe. Ba cheart don Choimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann agus iarrachtaí á ndéanamh acu chun a áirithiú go ndéanfar na hoiriúnuithe is gá ar a gcórais staidrimh, i dtreo is gur féidir deireadh a chur leis na maoluithe sin a luaithe is féidir.
- (28) Dá laghdófaí na spriocdhátaí tarchuir, d'fhéadfadh sé sin ualach suntasach agus costais shuntasacha a chur ar fhreagróirí agus ar institiúidí náisiúnta staidrimh san Aontas, agus dá bharr sin d'fhéadfadh baol a bheith ann go ndéanfaí sonraí ar chaighdeán níos ísle a tháirgeadh. Dá bhrí sin, ba cheart cothromú buntáistí agus míbhuntáistí a bhreithniú agus na spriocdhátaí tarchuir maidir le sonraí á sócrú.
- (29) Chun coiníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún⁽¹⁾.
- (30) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an Córas Cuntas Eorpach athbhreithnithe a bhunú, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (31) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach.

- (32) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí arna bhunú le Cinneadh 2006/856/CE ón gComhairle an 13 Samhain 2006 lena mbunaítear Coiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí⁽²⁾ agus leis an gCoiste Ollioncain Náisiúnta (Coiste OIN) arna bhunú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le comhchuibhiú ollioncain náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (Rialachán OIN)⁽³⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

- Bunaítear leis an Rialachán seo Córas Cuntas Eorpach 2010 ("CCE 2010" nó "CCE").
- Déantar foráil i CCE 2010 i leith an méid seo a leanas:
 - modheolaíocht (Iarscríbhinn A) maidir le comhchaighdeáin, comhshainmhínte, comhaicmithe agus comhrialacha cuntasaióchta ar modheolaíocht í a úsáidfead chun cuntais agus táblaí a thiomnú ar bhoinn inchomparáide chun críocha an Aontais, mar aon le torthaí de réir mar is gá faoi Airteagal 3;
 - clár (Iarscríbhinn B) lena leagtar amach na teorainneacha ama faoina ndéanfaidh na Ballstáit na cuntais agus na táblaí atá le tiomnú i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).
- Gan dochar d'Airteagal 5 agus Airteagal 10, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le gníomhartha uile an Aontais ina dtagraítear do CCE nó dá shainmhínte.
- Ní chuirtear d'oibleagáid ar aon Bhallstát, leis an Rialachán seo, úsáid a bhaint as CCE 2010 agus cuntais á dtiomnú aige chun a chríocha féin.

Airteagal 2

Modheolaíocht

- Tá modheolaíocht CCE 2010 dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) leagtha amach in Iarscríbhinn A.
- Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe maidir le leasuithe ar mhodheolaíocht CCE 2010 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 chun an t-ábhar atá inti a shonrú agus a fheabhsú, chun léiriú comhchuibhithe a áirithiú nó chun an inchomparáideacht idirnáisiúnta a áirithiú, ar an gcoinníoll nach n-athraítear leis na gníomhartha sin coincheapa foluiteacha na modheolaíochta sin, nach dteastaíonn acmhainní breise do tháirgeoirí laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach chun na gníomhartha sin a chur chun feidhme agus nach ndéantar acmhainní dílse a athrú dá mbarr.

⁽¹⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

⁽²⁾ IO L 332, 30.11.2006, lch. 21.

⁽³⁾ IO L 181, 19.7.2003, lch. 1.

3. Más rud é go bhfuil amhras ann faoi chur chun feidhme ceart rialacha cuntasáíochta CCE 2010, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann soiléiriú ón gCoimisiún (Eurostat). Gníomhóidh an Coimisiún (Eurostat) go pras agus iniúchadh á dhéanamh aige ar an iarraidh agus a chomhairle á cur in iúl aige don Bhallstát lena mbaineann agus do gach Ballstát eile maidir leis an soiléiriú arna iarraidh.

4. Déanfaidh na Ballstáit seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach (FISIM) a ríomh agus a leithdháileadh i gcuntais náisiúnta i gcomhréir leis an modheolaíocht ar ina leith a dhéantar cur síos in Iarscríbhinn A. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh roimh 17 Meán Fómhair 2013 i gcomhréir le hAirteagal 7 ina leagfar síos modheolaíocht athbhreithnithe i gcomhair FISIM a ríomh agus a leithdháileadh. Áiritheoidh an Coimisiún, agus a chumhacht á feidhmiú aige de bhun na míre seo, nach gcuirfear leis na gníomhartha tarmilgthe sin ualach sunstasach breise riaracháin ar na Ballstáit ná ar na haonaid is freagróirí.

5. Déanfaidh na Ballstáit caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt a thairgeadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 chun iontaofacht agus inchomparáideacht shonraí CCE 2010 de chuid na mBallstát maidir le taighde agus forbairt a áirithiú. Áiritheoidh an Coimisiún, agus a chumhacht á feidhmiú aige de bhun na míre seo, nach gcuirfear leis na gníomhartha tarmilgthe sin ualach suntasach breise riaracháin ar na Ballstáit ná ar na haonaid is freagróirí.

Airteagal 3

Sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún

1. Déanfaidh na Ballstáit na cuntais agus na táblaí atá leagtha amach in Iarscríbhinn B a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) laistigh de na teorainneacha ama atá sonraithe inti le haghaidh gach tábla ar leith.

2. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí a cheanglaítear leis an Rialachán seo a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le caighdeán sonraithe idirmhalartaithe agus i gcomhréir le socrúithe praiticiúla eile.

Déanfar na sonraí a tharchur nó a uaslódáil trí mheán leictreonach chuig an bpointe iontrála aonair do shonraí ag an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an caighdeán idirmhalartaithe agus na socrúithe praiticiúla eile maidir le tarchur na sonraí a shainiú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

Airteagal 4

Measúnú cáilíochta

1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm maidir leis na sonraí atá le tarchur i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo ag na critéir cháilíochta atá leagtha amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

2. Tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún (Eurostat) i dtaobh cháilíochta na sonraí atá le tarchur i gcomhréir le hAirteagal 3.

3. Agus na critéir cháilíochta dá dtagraítear i mír 1 á gcur i bhfeidhm maidir leis na sonraí a chumhdaítear faoin Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún modhanna, struchtúr, tréimhsiúlacht agus táscairí measúnaithe na dtuarascálacha cáilíochta a shainiú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

4. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) cáilíocht na sonraí arna dtarchur a mheasúnú.

Airteagal 5

Dáta an chur i bhfeidhm agus an dáta a dhéanfar sonraí a tharchur den chéad uair

1. Cuirfear CCE 2010 i bhfeidhm den chéad uair maidir leis na sonraí arna mbunú i gcomhréir le Iarscríbhinn B agus a bheidh le tarchur ón 1 Meán Fómhair 2014.

2. Déanfar na sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhréir leis na teorainneacha ama atá leagtha síos in Iarscríbhinn B.

3. I gcomhréir le mír 1, go dtí go ndéanfar an chéad tarchur sonraí ar tarchur é a bheidh bunaithe ar CCE 2010, leanfaidh na Ballstáit de na cuntais agus de na táblaí, arna mbunú trí CCE 95 a chur i bhfeidhm, a sheoladh chuig an gCoimisiún (Eurostat).

4. Gan dochar d'Airteagal 19 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1150/2000 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2000 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2007/436/CE, Euratom maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal Eorpach⁽¹⁾, seiceálfaidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann go bhfuil an Rialachán seo á chur i bhfeidhm i gceart agus déanfaidh siad toradh na seiceálacha sin a thíolacadh don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán seo.

Airteagal 6

Maoluithe

1. A mhéid is gá oiriúnuithe móra a dhéanamh ar chóras staidrimh náisiúnta chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Coimisiún maoluithe sealadacha do Bhallstáit, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Rachaidh na maoluithe sin in éag tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2020. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

⁽¹⁾ IO L 130, 31.5.2000, lch. 1.

2. Déanfaidh an Coimisiún maolú a thabhairt de bhun mhír 1 le haghaidh tréimhse atá leordhóthanach chun cur ar chumas an Bhallstáit lena mbaineann a chóras staidrimh a oiriúnú agus le haghaidh na tréimhse sin amháin. Maidir le cion OTI an Bhallstáit, ar cion OTI é atá laistigh den Aontas nó laistigh den limistéar euro, ní bheidh sé, uaidh féin, ina bhonn cirt le maolú a thabhairt. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit lena mbaineann agus iarrachtaí á ndéanamh acu chun a áirithiú go ndéantar na hoiriúnuithe is gá ar a gcórais staidrimh.

3. Chun na críocha a leagtar amach i mír 1 agus mír 2, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh a bhfuil bonn cirt cuí léi a chur faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an 17 Deireadh Fómhair 2013.

Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, déanfaidh sé tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2018, i dtaobh chur i bhfeidhm na maoluithe arna dtabhairt d'fhonn a fhíorú an bhfuil bonn cirt leo fós.

Airteagal 7

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 16 Iúil 2013. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse dhá mhí ón 16 Iúil 2013. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2), Airteagal 2(4) agus Airteagal 2(5) a chúlghairm aon tráth.

Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(2), Airteagal 2(4) agus Airteagal 2(5) i bhfeidhm

ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse trí mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú trí mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 8

An Coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 cúnadh a thabhairt don Choimisiún. Tá an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 9

Comhar le coistí eile

1. Maidir leis na hábhair uile a thagann faoi chuimsiú iniúilacht an Choiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí arna bhunú le Cinneadh 2006/856/CE, iarrfaidh an Coimisiún tuairim an Choiste sin i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chinneadh sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ar faisnéis í atá riachtanach chun dualgais Choiste OIN a chomhlíonadh, a chur in iúl don Choiste Ollioncaim Náisiúnta ("Coiste OIN"), arna bhunú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003.

Airteagal 10

Forálacha idirthréimhseacha

1. Chun críocha buiséadacha agus críocha acmhainní dílse, is é CCE 95 an Córas Cuntas Eorpach fós, arb é an córas dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 agus sna gníomhartha dlíthiúla a bhaineann leis an Rialachán sin, go háirithe Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1150/2000 agus Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1989 maidir le socruithe aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú⁽¹⁾, fad a fhanfaidh Cinneadh 2007/436/CE, Euratom ón gComhairle an 7 Meitheamh 2007 maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal Eorpach⁽²⁾ i bhfeidhm.

2. D'fhonn an acmhainn dhílis bunaithe ar CBL a chinneadh, agus mar eisceacht ó mhír 1, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as sonraí atá bunaithe ar CCE 2010 fad a fhanfaidh Cinneadh 2007/436/CE, Euratom i bhfeidhm, i gcás nach bhfuil sonraí mionsonraithe CCE 95, ar fáil, ar sonraí iad a éilítear.

⁽¹⁾ IO L 155, 7.6.1989, lch. 9.

⁽²⁾ IO L 163, 23.6.2007, lch. 17.

*Airteagal 11***Dliteanais intuigthe a thuairisciú**

Faoi 2014, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar tuarascáil í ina mbeidh faisnéis atá ann maidir le CPPanna agus le dliteanais intuigthe eile lasmuigh den rialtas, lena n-áirítear dliteanais theagmhasacha.

Faoi 2018, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil eile a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ar tuarascáil í lena ndéanfar meastóireacht ar a mhéid arb ionann an fhaisnéis faoi dhliteanais arna foilsiú ag an gCoimisiún (Eurostat) agus iomláine na ndliteanais intuigthe lasmuigh den rialtas, lena n-áirítear dliteanais theagmhasacha.

*Airteagal 12***Athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 1 Iúil 2018 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 21 Bealtaine 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Déanfar meastóireacht leis an tuarascáil, ar na nithe seo a leanas, *inter alia*:

- (a) cáilíocht na sonraí maidir le cuntais náisiúnta agus réigiúnacha;
- (b) éifeachtacht an Rialacháin seo agus an phróisis faireacháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le CCE 2010; agus
- (c) an dul chun cinn i ndáil le sonraí maidir le dliteanais theagmhasacha agus an dul chun i ndáil le hinfhaighteacht sonraí CCE 2010.

*Airteagal 13***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. CREIGHTON

IARSCRIBHINN A

CAIBIDIL 1	GNÉITHE GINEARÁLTA AGUS BUNPHRIONSABAIL	33
	GNÉITHE GINEARÁLTA	33
	Domhandú	35
	ÚSÁIDÍ A BHAINTEAR AS CCE 2010	35
	Creat le haghaidh anailíse agus beartais	35
	Saintréithe na gcoincheap in CCE 2010	37
	Aicmiú de réir earnála	40
	Cuntais satailíte	41
	CCE 2010 agus CCN 2008	43
	CCE 2010 AGUS CCE 95	43
	BUNPHRIONSABAIL CCE 2010 MAR CHÓRAS	44
	Aonaid staidrimh agus a ngrúpálacha	44
	<i>Aonaid institiúideacha agus earnálacha institiúideacha</i>	45
	<i>APGanna áitiúla agus tionscail</i>	45
	<i>Aonaid chónaitheacha agus neamhchónaitheacha; geilleagar iomlán agus an chuid eile den domhan</i>	45
	Sreafaí agus stoic	46
	Sreafaí	46
	<i>Idirbhearta</i>	46
	<i>Airíonna na n-idirbheart</i>	46
	<i>Comparáid idir idirghníomhaíochtaí agus idirbhearta laistigh d'aonad</i>	46
	<i>Comparáid idir idirbhearta airgeadaíochta agus idirbhearta neamhairgeadaíochta</i>	46
	<i>Comparáid idir idirbhearta le contrapháirteanna agus idirbhearta gan contrapháirteanna</i>	47
	<i>Idirbhearta athchóirithe</i>	47
	Athródú	47
	Deighilt	47
	An príomhpháirtí in idirbheart a aithint	47
	<i>Cásanna idir eatarthu</i>	48
	<i>Athruithe eile ar shócmhainní</i>	48
	<i>Athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas</i>	48
	<i>Gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais</i>	48
	Stoic	48
	Córas na gcuntas agus na comhiomláin	49
	Rialacha cuntasáochta	49
	<i>Téarmaíocht le haghaidh an dá thaobh de na cuntais</i>	49

<i>Iontráil dhúbailte/iontráil cheathrúil</i>	49
Luacháil	49
<i>Luachálacha speisialta maidir le táirgí</i>	50
<i>Luacháil ag praghsanna tairiseacha</i>	50
Tráth taifeadta	50
Comhdhlúthú agus glanluacháil	50
<i>Comhdhlúthú</i>	50
<i>Glanluacháil</i>	51
Cuntas, ítimí comhardaithe agus comhiomlán	51
Seicheamh na gcuntas	51
<i>An cuntas earraí agus seirbhísí</i>	51
<i>Cuntas na coda eile den domhan</i>	51
<i>Ítimí comhardaithe</i>	52
<i>Comhiomlán</i>	54
<i>OTI: príomh-chomhiomlán</i>	54
An creat ionchuir-aschuir	54
<i>Táblaí soláthair agus úsáide</i>	55
<i>Táblaí siméadracha ionchuir aschuir</i>	55
CAIBIDIL 2 AONAD AGUS GRÚPÁLACHA AONAD	56
TEORAINNEACHA AN GHEILLEGAIR NÁISIÚNTA	56
NA hAONAD INSTITIÚIDEACHA	58
<i>Ceannoifigí agus cuideachtaí sealbhaíochta</i>	59
<i>Grúpaí corparáidí</i>	59
<i>Eintitis shainchuspóireacha</i>	60
<i>Institiúidí airgeadais faoi chuing</i>	60
<i>Fochorparáidí saorga</i>	60
<i>Aonaid shainchuspóireacha an rialtais ghinearálta</i>	61
NA hEARNÁLACHA INSTITIÚIDEACHA	61
Corparáidí neamhairgeadais (S.11)	65
<i>Fo-earnáil: Corparáidí poiblí neamhairgeadais (S.11001)</i>	66
<i>Fo-earnáil: Corparáidí príobháideacha náisiúnta neamhairgeadais (S.11002)</i>	66
<i>Fo-earnáil: Corparáidí neamhairgeadais faoi rialú eachtrach (S.11003)</i>	66
Corparáidí airgeadais (S.12)	67
<i>Idirghabhálaithe airgeadais</i>	67
<i>Corparáidí cúntacha airgeadais</i>	68

<i>Corparáidí airgeadais nach idirghabhálaithe airgeadais ná corparáidí cúntacha airgeadais iad</i>	68
<i>Aonaid institiúideacha atá ar áireamh in earnáil na gcorparáidí airgeadais</i>	68
<i>Fo-earnáil na gcorparáidí airgeadais</i>	68
<i>Fo-earnálacha corparáidí airgeadais a chomhthiomsú</i>	69
<i>Fo-earnálacha corparáidí airgeadais a fhoroinnt ina gcorparáidí airgeadais poiblí, príobháideacha náisiúnta agus faoi rialú</i>	69
<i>An Banc Ceannais (S.121)</i>	70
<i>Corparáidí glactha taisce, ach amháin an banc ceannais (S.122)</i>	70
<i>CMA (S.123)</i>	71
<i>Cistí infheistíochta neamh-CMA (S.124)</i>	71
<i>Idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin (S.125)</i>	72
<i>Corparáidí um meáin airgeadais atá i mbun idirbheart urrúsaithe (FVC)</i>	72
<i>Déileálaithe urrús agus díorthach, corparáidí airgeadais atá i mbun iasachtaithe agus sainchorparáidí airgeadais</i>	72
<i>Corparáidí cúntacha airgeadais (S.126)</i>	73
<i>Institiúidí airgeadais agus iasachtóirí faoi chuing (S.127)</i>	73
<i>Corparáidí árachais (S.128)</i>	74
<i>Cistí pinsin (S.129)</i>	75
<i>An rialtas ginearálta (S.13)</i>	76
<i>An rialtas láir (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1311)</i>	76
<i>An rialtas stáit (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1312)</i>	76
<i>An rialtas áitiúil (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1313)</i>	77
<i>Cistí slándála sóisialta (S.1314)</i>	77
<i>Teaghlaigh (S.14)</i>	77
<i>Fostóirí agus oibríthe féinchuntais (S.141 agus S.142)</i>	78
<i>Fostaithe (S.143)</i>	78
<i>Faightheoirí ioncaim ó mhaoin (S.1441)</i>	78
<i>Faightheoirí pinsean (S.1442)</i>	78
<i>Faightheoirí ioncaim ó aistrithe eile (S.1443)</i>	78
<i>Institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (S.15)</i>	79
<i>An chuid eile den domhan (S.2)</i>	79
<i>Na haonaid táirgthe a aicmiú de réir earnála de bhun na bpríomhfhoirmeacha caighdeánacha dlíthiúla úinéireachta</i>	80
AONAIÐ PHRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTA ÁITIÚLA AGUS TIONSCAIL	82
An t -aonad príomhghníomhaíochta áitiúil	82
Tionscail	83
Tionscail a aicmiú	83

AONAD TÁIRGTHE AONCHINEÁLAIGH AGUS BRAINSÍ AONCHINEÁLACHA	83
An t -aonad táirgthe aonchineálaigh	83
An brainse aonchineálach	83
CAIBIDIL 3 IDIRBHEARTA TÁIRGÍ AGUS SÓCMHAINNÍ NEAMHTHÁIRGTHE	84
IDIRBHEARTA TÁIRGÍ: GINEARÁLTA	84
TÁIRGEADH AGUS ASCHUR	85
Príomhghníomhaíochtaí, gníomhaíochtaí tánaisteacha agus gníomhaíochtaí coimhdeacha	86
Aschur (P.1)	87
Aonaid institiúideacha: idirdhealú idir táirgeoirí margaidh, táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse agus táirgeoirí neamh- mhargaidh	89
Am taifeadta agus luacháil aschuir	92
Táirgí talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaireachta (Roinn A)	93
Táirgí monaraithe (Roinn C); Obair thógála (Roinn F)	93
Seirbhísí trádála mórdhíola agus miondhíola; seirbhísí deisithe mótarfheithiclí agus gluaisrothar (Roinn G)	93
Iompar agus stóráil (Roinn H)	94
Seirbhísí cóiríochta agus bia (Roinn I)	95
Seirbhísí airgeadais agus árachais (Roinn K): aschur ón mbanc ceannais	95
Seirbhísí airgeadais agus árachais (Roinn K): seirbhísí airgeadais i gcoitinne	95
Seirbhísí airgeadais a sholáthraítear i gcomaoin iocaíochta díri	95
Seirbhísí airgeadais a níotar astu trí mhuirir úis a ghearradh	96
Seirbhísí airgeadais arb éard iad sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a fháil agus a dhiúscairt ar mhargaí airgeadais	96
Seirbhísí airgeadais a sholáthraítear mar chuid de scéimeanna árachais agus pinsin ina maoinítear gníomhaíocht trí ranníocaíochtaí árachais a ghearradh agus tríd an ioncam ó choigiltis	96
Seirbhísí eastáit réadaigh (Roinn L)	98
Seirbhísí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla (Roinn M); Seirbhísí riaracháin agus tacaíochta (Roinn N)	98
Seirbhísí riaracháin phoiblí agus cosanta, seirbhísí slándála sóisialta éigeantaí (Roinn O)	99
Seirbhísí oideachais (Roinn P); Seirbhísí sláinte daonna agus oibre sóisialta (Roinn Q)	99
Na healaíona, siamsaíocht agus seirbhísí caitimh aimsire (Roinn R); Seirbhísí eile (Roinn S)	99
Teaghlaigh phríobháideacha mar fhostóirí (Roinn T)	99
TOMHALTAS IDIRMHEÁNACH (P.2)	99
Am taifeadta agus luacháil tomhaltais idirmheánaigh	101
TOMHALTAS CRÍOCHNAITHEACH (P.3, P.4)	101
Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3)	101
Tomhaltas críochnaitheach iarbhír (P.4)	103
Am taifeadta agus luacháil an chaiteachais ar thomhaltas críochnaitheach	105
Am taifeadta agus luacháil tomhaltais chríochnaitheach iarbhír	106

OLLFHOIRMIÚ CAIPITIL (P.5)	106
Ollfhoirmiú caipitil sheasta (P.51g)	106
<i>Am taifeadta agus luacháil ar ollfhoirmiú caipitil sheasta</i>	109
Ídiú an chaipitil sheasta (P.51c)	110
Athruithe ar fhardail (P.52)	110
<i>Am taifeadta agus luacháil athruithe ar fhardail</i>	111
Éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara (P.53)	112
ONNMHAIRÍ AGUS ALLMHAIRÍ EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ (P.6 agus P.7)	113
Allmhairí earraí agus onnmhairí earraí (P.61 agus P.71)	113
Onnmhairí seirbhísí agus allmhairí seirbhísí (P.62 agus P.72)	115
IDIRBHEARTA EARRAÍ ATÁ ANN CHEANA	118
ÉADÁLACHA LÚIDE DIÚSCAIRTÍ SÓCMHAINNÍ NEAMHTHÁIRGTHE (SN)	119
CAIBIDIL 4 IDIRBHEARTA DÁILEACHÁIN	121
CÚITEAMH D'FHOSTAITHE (D.1)	121
Pá agus tuarastail (D.11)	121
<i>Pá agus tuarastail in airgead tirim</i>	121
<i>Pá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil</i>	122
Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí (D.12)	123
<i>Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí (D.121)</i>	123
<i>Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.122)</i>	124
CÁNACHA AR THÁIRGEADH AGUS AR ALLMHAIRÍ (D.2)	126
Dánacha ar tháirgí (D.21)	126
<i>Cánacha de chineál breisluacha (CBL) (D.211)</i>	126
<i>Cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh (D.212)</i>	127
<i>Cánacha ar tháirgí, ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí (D.214)</i>	127
Cánacha eile ar tháirgeadh (D.29)	128
Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí a íoctar le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh	128
Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí: tráth taifeadta agus na suimeanna atá le taifeadadh	129
FÓIRDHEONTAIS (D.3)	129
Fóirdheontais ar tháirgí (D.31)	130
<i>Fóirdheontais ar allmhairí (D.311)</i>	130
<i>Fóirdheontais eile ar tháirgí (D.319)</i>	130
Fóirdheontais eile ar tháirgeadh (D.39)	131
IONCAM Ó MHAOIN (D.4)	132
Ús (D.41)	133

<i>Ús ar thaiscí agus ar iasachtaí</i>	133
<i>Ús ar urrúis fiachais</i>	133
<i>Ús ar bhillí agus ar ionstraimí gearrthéarmacha dá samhail</i>	133
<i>Ús ar bhannaí agus ar bhintíúir</i>	133
<i>Babhtálacha ráta úis agus comhaontuithe ar réamhráta</i>	134
<i>Ús ar léasanna airgeadais</i>	134
<i>Ús eile</i>	134
<i>Tráth taifeadta</i>	134
<i>Ioncam dáilte corparáidí (D.42)</i>	135
<i>Díbhinní (D.421)</i>	135
<i>Aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí (D.422)</i>	136
<i>Tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach (D.43)</i>	137
<i>Ioncam eile ó infheistíocht (D.44)</i>	137
<i>Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais (D.441)</i>	137
<i>Ioncam ó infheistíocht atá iniúchta i leith teidlíochtaí pinsean (D.442)</i>	138
<i>Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhinfheistíochta (D.443)</i>	138
<i>Cíos (D.45)</i>	139
<i>Cíos ar thalamh</i>	139
<i>Cíosanna ar shócmhainní fo-ithreach</i>	139
<i>CÁNACHA REATHA AR IONCAM, AR RACHMAS, ETC. (D.5)</i>	139
<i>Cánacha ar ioncam (D.51)</i>	139
<i>Cánacha reatha eile (D.59)</i>	140
<i>RANNÍOCAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS SOCHAIR SHÓISIALTA (D.6)</i>	141
<i>Ranníocaíochtaí sóisialta, glan (D.61)</i>	143
<i>Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí (D.611)</i>	143
<i>Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.612)</i>	144
<i>Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach (D.613)</i>	145
<i>Forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach (D.614)</i>	145
<i>Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil (D.62)</i>	146
<i>Sochair slándála sóisialta in airgead tirim (D.621)</i>	146
<i>Sochair árachais shóisialta eile (D.622)</i>	146
<i>Sochair chúnaimh shóisialta in airgead tirim (D.623)</i>	146
<i>Aistrithe sóisialta comhchineáil (D.63)</i>	147
<i>Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh chun críoch neamh mhargaidh an rialtais ghinearálta agus INBFTanna (D.631)</i>	147
<i>Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh ceannaithe margaidh ag an rialtas ginearálta agus ag INBFTanna (D.632)</i>	147

AISTRITHE REATHA EILE (D.7)	148
Glanphréimheanna árachais neamhshaoil (D.71)	148
Éilimh árachais neamhshaoil (D.72)	149
Aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta (D.73)	150
Comhar idirnáisiúnta reatha (D.74)	150
Aistrithe reatha ilghnéitheacha (D.75)	151
Aistrithe reatha chuig INBFTanna (D.751)	151
Aistrithe reatha idir teaghlaigh (D.752)	151
Aistrithe reatha ilghnéitheacha eile (D.759)	151
Fíneálacha agus pionóis	151
Crannchuir agus cearrbhachas	152
Íocaíochtaí cúitimh	152
Acmhainní dílse an AE atá bunaithe ar CBL agus OIN (ollioncam náisiúnta) (D.76)	153
COIGEARTÚ I LEITH AN ATHRAITHE AR THEIDLÍOCHTAÍ PINSIN (D.8)	153
AISTRITHE CAIPITIL (D.9)	154
Cánacha caipitil (D.91)	154
Deontais infheistíochta (D.92)	155
Aistrithe caipitil eile (D.99)	156
SCAIR-ROGHANNA FOSTAITHE (ESOanna)	157
CAIBIDIL 5 IDIRBHEARTA AIRGEADAIS	159
GNÉITHE GINEARÁLTA IDIRBHEART AIRGEADAIS	159
Sócmhainní airgeadais, éilimh airgeadais, agus dliteanais	159
Sócmhainní teagmhasacha agus dliteanais theagmhasacha	159
Catagóirí sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais	160
Cláir chomhardaithe, cuntas airgeadais, agus sreafaí eile	161
Luacháil	161
Glantaifeadadh agus olltaifeadadh	162
Comhdhlúthú	162
Glanluacháil	162
Rialacha cuntasáochta maidir le hidirbhearta airgeadais	163
Idirbheart airgeadais a bhfuil aistriú reatha nó aistriú caipitil mar chontrapháirt aige	163
Idirbheart airgeadais a bhfuil ioncam ó mhaoin mar chontrapháirt aige	164
Am taifeadta	164
Cuntas airgeadais idirearnálacha	165

AICMIÚ IDIRBHEART AIRGEADAIS GO MIONCHRUINN DE RÉIR CATAGÓIRE	166
Ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta (F.1)	166
Ór airgeadaíochta (F.11)	166
CTSanna (F.12)	167
Airgeadra agus taiscí (F.2)	168
Airgeadra (F.21)	168
Taiscí (F.22 agus F.29)	168
Taiscí inaistrithe (F.22)	168
Taiscí eile (F.29)	169
Urrúis fiachais (F.3)	169
Príomhghnéithe d'urrúis fiachais	170
Aicmiú de réir aibíochta bunaidh agus airgeadra	170
Aicmiú de réir an chineáil ráta úis	170
Urrúis fiachais ar ráta úis seasta	171
Urrúis fiachais ar ráta úis athraitheach	171
Urrúis fiachais ar ráta úis measctha	171
Láithrithe príobháideacha	172
Urrúsú	172
Bannaí cumhdaithe	172
Iasachtaí (F.4)	173
Príomhghnéithe iasachtaí	173
Aicmiú iasachtaí de réir aibíochta bunaidh, airgeadra agus chuspóir an iasachtaithe	173
Idirdhealú idir idirbhearta iasachtaí agus idirbhearta taiscí	173
Idirdhealú idir idirbhearta iasachtaí agus idirbhearta urrús fiachais	173
Idirdhealú idir idirbhearta iasachtaí, creidmheasanna trádála agus billí trádála	174
Iasachtú urrús agus comhaontuithe athcheannaigh	174
Léasanna airgeadais	175
Cineálacha eile iasachtaí	175
Sócmhainní airgeadais atá eisiata ón gcatagóir iasachtaí	175
Cothromas agus scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta (F.5)	176
Cothromas (F.51)	176
Admhálacha taisclainne	176
Scaireanna liostaithe (F.511)	176
Scaireanna neamhliostaithe (F.512)	176
Tairiscint tosaigh don phobal, liostú, díliostú agus athcheannach scaireanna	177

Sócmhainní airgeadais atá eisiata ó urrúis chothromais	177
Cothromas eile (F.519)	177
Luacháil idirbheart i gcothromas	178
Scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta (F.52)	178
Scaireanna nó aonaid CMA (F.521)	178
Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta neamh CMA (F.522)	179
Luacháil idirbheart i gcothromas agus scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta	179
Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (F.6)	179
Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil (F.61)	179
Teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta (F.62)	179
Teidlíochtaí pinsean (F.63)	180
Teidlíochtaí teagmhasacha pinsin	180
Éilimh chistí pinsin ar bhainisteoirí cistí pinsin (F.64)	180
Teidlíochtaí sochar neamhpinsean (F.65)	181
Soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe (F.66)	181
Ráthaíochtaí caighdeánaithe agus ráthaíochtaí aonuaire	181
Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (F.7)	182
Díorthaigh airgeadais (F.71)	182
Roghanna	182
Réamhchonarthaí	182
Roghanna maidir le réamhchonarthaí	183
Babhtálacha	183
Comhaontuithe ar réamhráta (FRAanna)	183
Díorthaigh chreidmheasa	183
Babhtálacha mainneachtana creidmheasa	184
Ionstraimí airgeadais nach n-áirítear le díorthaigh airgeadais	184
Scair-roghanna fostaithe (F.72)	184
Idirbhearta díorthach airgeadais agus scair-roghanna fostaithe a luacháil	185
Cuntais eile infhála/iníochta (F.8)	185
Creidmheasanna trádála agus airleacain (F.81)	186
Cuntais eile infhála/iníochta, gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh (F.89)	186
IARSCRÍBHINN 5.1 — AICMIÚ IDIRBHEART AIRGEADAIS	187
Aicmiú idirbheart airgeadais de réir catagóire	187
Aicmiú idirbheart airgeadais de réir soshanntachta	188
Urrúis struchtúrtha	189

Aicmiú idirbheart airgeadais de réir an chineáil ioncain	189
Aicmiú idirbheart airgeadais de réir an chineáil ráta úis	189
Aicmiú idirbheart airgeadais de réir aibíochta	190
<i>Aibíocht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach</i>	190
<i>Aibíocht bhunaidh agus aibíocht iarmharach</i>	190
Aicmiú idirbheart airgeadais de réir airgeadra	190
<i>Aonaid tomhais airgid</i>	190
CAIBIDIL 6 SREAFÁI EILE	191
RÉAMHRÁ	191
ATHRUITHE EILE AR SHÓCMHAINNÍ AGUS AR DHLITEANAS	191
Athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas (K.1 go K.6)	191
<i>Taispeánadh eacnamaíoch sócmhainní (K.1)</i>	191
<i>Imeacht eacnamaíoch sócmhainní neamhtháirgthe (K.2)</i>	192
<i>Cailteanais i ngeall ar thubaistí (K.3)</i>	192
<i>Urghabhálacha neamhchúitithe (K.4)</i>	193
<i>Athruithe eile ar an méid nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile (K.5)</i>	193
<i>Athruithe ar aicmiú (K.6)</i>	194
<i>Athruithe ar aicmiú earnála agus ar struchtúr aonad institiúideach (K.61)</i>	194
<i>Athruithe ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas (K.62)</i>	194
Gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais (K.7)	195
<i>Gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais (K.71)</i>	196
<i>Gnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais (K.72)</i>	196
Gnóthachain agus cailteanais sealúchais de réir cineálacha sócmhainne agus dliteanais airgeadais	197
<i>Ór airgeadaíochta agus CTSanna (AF.1)</i>	197
<i>Airgeadra agus taiscí (AF.2)</i>	197
<i>Urrúis fiachais (AF.3)</i>	197
<i>Iasachtaí (AF.4)</i>	198
<i>Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta (AF.5)</i>	198
<i>Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (AF.6)</i>	198
<i>Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (AF.7)</i>	198
<i>Cuntais eile infhála/iníochta (AF.8)</i>	198
<i>Sócmhainní atá ainmnithe in airgeadra eachtrach</i>	199
CAIBIDIL 7 CLÁIR CHOMHARDAITHE	200
CINEÁLACHA SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS	201
Sainmhíniú ar shócmhainn	201

EISIAIMH Ó SHÓCMHAINNÍ AGUS Ó DHLITEANAIS	201
CINEÁLACHA SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS	201
Sócmhainní táirgthe neamhairgeadais (AN.1)	201
Sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (AN.2)	202
Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais (AF)	202
LUACHÁIL IONTRÁLACHA SNA CLÁIR CHOMHARDAITHE	205
Prionsabail ghinearálta luachála	205
SÓCMHAINNÍ NEAMHAIRGEADAIS (AN)	206
Produced non-financial assets (AN.1)	206
Sócmhainní seasta (AN.11)	206
Táirgí maoine intleachtúla (AN.117)	206
Costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe (AN.116)	207
Fardails (AN.12)	207
Earraí luachmhara (AN.13)	207
Sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (AN.2)	207
Acmhainní nádúrtha (AN.21)	207
Talamh (AN.211)	207
Cúltaisí mianraí agus fuinnimh (AN.212)	207
Sócmhainní nádúrtha eile (AN.213, AN.214 agus AN.215)	207
Conarthaí, léasanna agus ceadúnais (AN.22)	208
Ceannacháin líúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margáíochta (AN.23)	208
SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AGUS DLITEANAIS AIRGEADAIS (AF)	208
Ór airgeadaíochta agus CTSanna (AF.1)	208
Airgeadra agus taiscí (AF.2)	208
Urrúis fiachais (AF.3)	208
Iasachtaí (AF.4)	209
Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta (AF.5)	209
Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (AF.6)	210
Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (AF.7)	210
Cuntais eile infhála/iníochta (AF.8)	210
CLÁIR CHOMHARDAITHE AIRGEADAIS	210
ÍTIMÍ LE MEABHRÚ	211
Earraí marthanacha tomhaltais (AN.m)	211
Infheistíocht dhíreach eachtrach (AF.m1)	211
Iasachtaí neamhthuillmheacha (AF.m2)	211

Iasachtaí neamhthuillmheacha a thaifeadadh	212
IARSCRÍBHINN 7.1 ACHOIMRE AR GACH CATAGÓIR SÓCMHAINNE	213
IARSCRÍBHINN 7.2 SEICHEAMH ÓN gCLÁR COMHARDAITHE TOSAIGH GO dTÍ AN CLÁR COMHARDAITHE DEIRIDH	222
CAIBIDIL 8 SEICHEAMH NA gCUNTAS	226
RÉAMHRÁ	226
Seicheamh na gcuntas	226
SEICHEAMH NA gCUNTAS	230
Cuntais reatha	230
Cuntas táirgeachta (I)	230
Cuntais dáilte agus úsáide ioncaim (II)	232
Cuntais dáilte phríomha ioncaim (II.1)	232
Cuntas giniúna ioncaim (II.1.1)	232
Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha (II.1.2)	236
Cuntas ioncaim fhiontraíoch (II.1.2.1)	242
Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha eile (II.1.2.2)	242
Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim (II.2)	249
Cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil (II.3)	249
Cuntas úsáide ioncaim (II.4)	256
Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha (II.4.1)	256
Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe (II.4.2)	256
Cuntais charntha (III)	259
Cuntas caipitil (III.1)	259
Cuntas athraithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistriú caipitil (III.1.1)	259
Cuntas éadálacha sócmhainní neamhairgeadais (III.1.2)	259
Cuntas airgeadais (III.2)	259
Cuntas athruithe eile ar shócmhainní (III.3)	268
Cuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní (III.3.1)	268
Cuntas athluachála (III.3.2)	268
Cuntas gnóthachan/caillteanas neodrach sealúchais (III.3.2.1)	268
Cuntas gnóthachan/caillteanas réadach sealúchais (III.3.2.2)	268
Clár comhardaithe (IV)	282
Clár comhardaithe tosaigh (IV.1)	282
Athruithe ar an gclár comhardaithe (IV.2)	282
Clár comhardaithe deiridh (IV.3)	282

CUNTAIS NA CODA EILE DEN DOMHAN (V)	290
Cuntais reatha	290
<i>Cuntas seachtrach earraí agus seirbhísí (V.I)</i>	290
<i>Cuntas seachtrach ioncam príomha agus aistriúcháin reatha (V.II)</i>	290
<i>Cuntais charntha sheachtracha (V.III)</i>	290
<i>Cuntas caipitil (V.III.1)</i>	290
<i>Cuntas airgeadais (V.III.2)</i>	291
<i>Cuntas athruithe eile ar na sócmhainní (V.III.3)</i>	291
<i>Clár chomhardaithe (V.IV)</i>	291
CUNTAS EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ (0)	303
CUNTAIS EACNAMAÍOCHA CHOMHTHÁITE	303
COMHIOMLÁIN	315
Olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh (OTI)	315
Barrachas oibriúcháin an gheilleagair iomláin	315
Ioncam measctha an gheilleagair iomláin	315
Ioncam fiontraíoch an gheilleagair iomláin	315
Ioncam náisiúnta (ag praghsanna an mhargaidh)	315
Ioncam indiúscartha náisiúnta	315
Coigilt	316
Comhardú seachtrach reatha	316
Glánasachtú (+) nó glánasachtaíocht (-) an gheilleagair iomláin	316
Glanfhiúchas an gheilleagair iomláin	316
Caiteachas agus ioncam an rialtais ghinearálta	316
CAIBIDIL 9 TÁBLAÍ SOLÁTHAIR AGUS ÚSÁIDE AGUS AN CREAT IONCHUIR ASCHUIR	318
RÉAMHRÁ	318
TUAIRISC	322
UIRLIS STAIRIMH	322
UIRLIS ANAILÍSE	323
LÉARGAS NÍOS MIONSONRAITHE AR THÁBLAÍ SOLÁTHAIR AGUS ÚSÁIDE	323
Aicmithe	323
Prionsabail luachála	325
Corrlaigh trádála agus iompair	326
Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgeadh agus ar allmhairí	328
Coincheapa bunúsacha eile	330
Faisnéis fhorlíontach	331

FOINSÍ SONRAÍ AGUS COMHARDÚ	331
UIRLIS ANAILÍSE AGUS SÍNEADH	332
CAIBIDIL 10 AONAID TOMHAIS PRAGHSANNA AGUS MÉIDEANNA	335
RAON FEIDHME INNÉACSANNA PRAGHSANNA AGUS MÉIDEANNA SNA CUNTAIS NÁISIÚNTA	336
Córas comhtháite na n-innéacsanna praghsanna agus méideanna	336
Innéacsanna eile praghsanna agus méideanna	337
PRIONSABAIL GHINEARÁLTA MAIDIR LE hINNÉACSANNA PRAGHSANNA AGUS MÉIDEANNA A THOMHAS	337
Sainmhíniú ar phraghsanna agus ar mhéideanna táirgí margaidh	337
Cáilíocht, praghas agus táirgí aonchineálacha	338
Praghsanna agus méid	339
Táirgí nua	340
Prionsabail i gcomhair seirbhísí neamh-mhargaidh	341
Prionsabail i gcomhair breisluacha agus OTI	342
FADHBANNA SONRACHA MAIDIR LEIS NA PRIONSABAIL A CHUR I bhFEIDHM	343
Cánacha agus fóirdheontais ar tháirgí agus ar allmhairí	343
Cánacha eile agus fóirdheontais ar tháirgeadh	344
Ídiú an chaipitil sheasta	344
Cúiteamh d'fhostaithe	344
Stoic de shócmhainní seasta táirgthe agus fardail	344
AONAID TOMHAIS IONCAIM RÉADAIGH DON GHEILLEAGAR IOMLÁN	345
COMPARÁIDEACHT IDIRNÁISIÚNTA INNÉACSANNA PRAGHSANNA AGUS MÉIDEANNA	346
CAIBIDIL 11 DAONRA AGUS IONCHUR SAOTHAIR	347
DAONRA IOMLÁN	347
DAONRA ATÁ GNÍOMHACH Ó THAOBH AN GHEILLEAGAIR DE	348
FOSTAÍOCHT	348
Fostaithe	349
Daoine féinfhostaithe	349
Fostaíocht agus cónaí	350
DÍFHOSTAÍOCHT	351
POIST	351
Poist agus cónaí	352
AN GEILLEAGAR NEAMHBHREATHNAITHE	352
UAIREANTA IOMLÁNA AN CHLOIG OIBRITHE	352
Uaireanta an chloig oibríthe iarbhír a shonrú	352
COIBHÉIS LÁNAIMSEARHTHA	354

IONCHUR SAOTHAIR NA bhFOSTAITHE AG CÚITEAMH TAIRISEACH	354
AONAIÐ TOMHAIS TÁIRGIÚLACHTA	354
CAIBIDIL 12 CUNTAIS NÁISIÚNTA RÁITHIÚLA	355
RÉAMHRÁ	355
GNÉITHE SONRACHA NA GCUNTAS NÁISIÚNTA RÁITHIÚIL	356
Am taifeadta	356
Obair idir lámha	356
Gníomhaíochtaí le linn tréimhsí sonracha laistigh de bhliain	357
Íocaíochtaí ar mhinicíocht íseal	357
Tobmheastacháin	357
Comhardú agus tagarmharcáil na gcuntas náisiúnta ráithiúil	357
Comhardú	358
Comhsheasmhacht idir cuntais ráithiúla agus cuntais bhliantúla — tagarmharcáil	358
Aonaid tomhais shlabhraithe athruithe praghsanna agus méideanna	358
Coigeartuithe de réir séasúir agus coigeartuithe féilire	359
Seicheamh thiomsú na n-aonad tomhais méideanna slabhraithe a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu	360
CAIBIDIL 13 CUNTAIS RÉIGIÚNACHA	361
RÉAMHRÁ	361
CRÍOCH RÉIGIÚNACH	362
AONAIÐ AGUS CUNTAIS RÉIGIÚNACHA	362
Aonaid institiúideacha	362
Aonaid phríomhghníomhaíochta áitiúla agus gníomhaíochtaí táirgthe réigiúnacha de réir tionscail	363
MODHANNA RÉIGIÚNAITHE	363
COMHIOMLÁIN LE hAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁIRGTHE	365
Oll-bhreisluch agus olltáirgeacht intíre de réir réigiúin	365
Leithdháileadh FISIM ar thionscail úsáideoirí	365
Fostaíocht	365
Cúiteamh d'fhostaithe	365
Aistriú ó oll-bhreisluch réigiúnach go holltáirgeacht intíre réigiúnach	365
Rátaí fais méideanna an oll-bhreislucha réigiúnaigh	366
CUNTAIS RÉIGIÚNACHA IONCAIM NA dTEAGHLACH	366
CAIBIDIL 14 SEIRBHÍSÍ IDIRGHABHÁLA AIRGEADAIS ARNA dTOMHAS GO hINDÍREACH (FISIM)	369
COINCHEAP FISIM AGUS AN TIONCHAR AR NA PRÍOMH-CHOMHIOMLÁIN AG LEITHD-HÁILEADH FISIM AR ÚSÁIDEOIRÍ	369
ASCHUR FISIM A RÍOMH DE RÉIR EARNÁLACHA S.122 AGUS S.125	370
Sonraí staidrimh atá riachtanach	370

Rátaí tagartha	370
<i>Ráta tagartha inmheánach</i>	371
<i>Rátaí tagartha seachtracha</i>	371
Miondealú mionsonraithe ar FISIM de réir earnála institiúidí	371
FISIM arna leithdháileadh ar theaghlaigh a mhiondealú i dtomhaltas idirmheánach agus i dtomhaltas críochnaitheach	372
ALLMHAIRÍ DE CHUID FISIM A RÍOMH	373
FISIM I dTÉARMAÍ MÉIDEANNA	373
FISIM A RÍOMH DE RÉIR TIONSCAIL	374
ASCHUR AN BHAINC CHEANNAIS	374
CAIBIDIL 15 CONARTHAÍ, LÉASANNA AGUS CEADÚNAIS	375
RÉAMHRÁ	375
IDIRDHEALÚ IDIR LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN, LÉASANNA ACMHAINNE AGUS LÉASANNA AIRGEADAISFINANCIAL LEASES	375
Léasanna oibriúcháin	377
Léasanna airgeadais	377
Léasanna acmhainne	378
Ceadanna chun acmhainn nádúrtha a úsáid	379
Ceadanna chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh	380
Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPPanna)	382
Conarthaí lamháltais seirbhíse	382
Léasanna oibriúcháin indíolta (AN.221)	382
Teidlíochtaí i leith earraí agus seirbhísí todhchaí ar bhonn eisiach (AN.224)	382
CAIBIDIL 16 ÁRACHAS	383
RÉAMHRÁ	383
Árachas díreach	383
Atharachas	384
Na haonaid rannpháirteacha	385
ASCHUR ÁRACHAIS DHÍRIGH	385
Préimheanna tuillte	385
Forlíontaí préimhe	386
Éilimh thabhairthe choigeartaithe agus sochair dhlite	386
<i>Éilimh thabhairthe choigeartaithe in árachas neamhshaoil</i>	386
<i>Sochair dhlite in árachas saoil</i>	387
Cúlchistí teicniúla árachais	387
Aschur árachais a shainiú	388
<i>Árachais neamhshaoil</i>	388

<i>Árachas saoil</i>	389
<i>Atharachas</i>	389
IDIRBHEARTA A BHAINNEANN LE hÁRACHAS NEAMHSHAOIL	389
Aschur árachais a leithdháileadh ar úsáideoirí	389
Seirbhísí árachais arna soláthar don chuid eile den domhan agus arna soláthar ag an gcuid eile den domhan	389
Na hiontrálacha cuntasaióchta	390
IDIRBHEARTA ÁRACHAIS SAOIL	392
IDIRBHEARTA A BHAINNEANN LE hATHÁRACHAS	394
IDIRBHEARTA A BHAINNEANN LE CORPARÁIDÍ CÚNTACHA ÁRACHAIS	395
BLIANACHTAÍ	395
ÉILIMH ÁRACHAIS NEAMHSHAOIL A THAIFEADADH	396
Éilimh choigeartaithe a láimhseáil	396
Cailteanais i ngeall ar thubaistí a láimhseáil	396
CAIBIDIL 17 <i>ÁRACHAS SÓISIALTA LENA n-ÁIRÍTEAR PINSIN</i>	397
RÉAMHRÁ	397
Scéimeanna árachais shóisialta, cúnaimh sóisialta agus polasaithe árachais aonair	397
Sochair Shóisialta	398
<i>Sochair shóisialta arna soláthar ag an rialtas ginearálta</i>	399
<i>Sochair shóisialta arna soláthar ag aonaid institiúideacha eile</i>	399
<i>Pinsin agus cineálacha eile sochair</i>	399
SOCHAIR ÁRACHAIS SHÓISIALTA SEACHAS PINSIN	399
Scéimeanna slándála sóisialta seachas scéimeanna pinsin	399
Scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht	400
Stoic agus sreafaí a thaifeadadh de réir an chineáil scéime árachais shóisialta neamhphinsean	400
<i>Scéimeanna slándála sóisialta</i>	400
<i>Scéimeanna árachais shóisialta neamhphinsean eile a bhaineann le fostaíocht</i>	400
PINSIN	401
Cineálacha scéimeanna pinsin	401
<i>Scéimeanna slándála sóisialta pinsin</i>	402
<i>Scéimeanna pinsin eile a bhaineann le fostaíocht</i>	402
<i>Scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe</i>	403
<i>Scéimeanna sochar sainithe</i>	403
<i>Scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe barúlacha agus scéimeanna hibrideacha</i>	403
<i>Comparáid idir scéimeanna sochar sainithe agus scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe</i>	403
Riarthóir cistí pinsin, bainisteoir cistí pinsin, ciste pinsin agus scéim pinsin ilfhostóirí	404

Stoic agus sreafaí a thaifeadh de réir an chineáil scéime pinsin in árachas sóisialta	405
<i>Idirbhearta a bhaineann le scéimeanna pinsin in árachas sóisialta</i>	405
<i>Idirbhearta i gcás scéimeanna pinsin eile a bhaineann le fostaíocht</i>	406
<i>Idirbhearta a bhaineann le scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe pinsin</i>	406
<i>Sreafaí eile a bhaineann le scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe pinsin</i>	408
<i>Idirbhearta a bhaineann le scéimeanna sochar sainithe pinsin</i>	409
TÁBLA FORLÍONTACH LE HAGHAIDH TEIDLÍOCHTAÍ PINSIN FABHRAITHE CHUN DÁTA IN ÁRACHAS SÓISIALTA	412
Leagan amach an tábla fhorlíoantaigh	412
Colúin an tábla	414
Rónna an tábla	415
<i>Cláir chomhardaithe tosaigh agus deiridh</i>	416
<i>Athruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar idirbhearta</i>	416
<i>Athruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar shreafaí eacnamaíocha eile</i>	418
<i>Táscairí gaolmhara</i>	419
Toimhdí achtúireacha	420
<i>Teidlíochtaí fabhraithe go dáta</i>	420
<i>Ráta lascaine</i>	420
<i>Fás pá</i>	420
<i>Toimhdí déimeagrafacha</i>	421
CAIBIDIL 18 CUNTAIS NA CODA EILE DEN DOMHAN	422
RÉAMHRÁ	422
CRÍOCH EACNAMAÍOCH	423
<i>Áit chónaithe</i>	423
AONAIID INSTITIÚIDEACHA	423
BRAINSÍ MAR THÉARMA A ÚSÁIDTEAR I GCUNTAIS IDIRNÁISIÚNTA CHOMHARDÚ NA nÍOCAÍOCHTAÍ	423
AONAIID CHÓNAITHEACHA BHARÚLACHA	424
GNÓTHAIS I gCRÍOCHA ÉAGSÚLA	424
MIONDEALÚ GEOGRAFACH	424
CUNTAIS IDIRNÁISIÚNTA CHOMHARDÚ NA nÍOCAÍOCHTAÍ	425
ÍTÍMÍ COMHARDAITHE I GCUNTAIS REATHA NA GCUNTAS IDIRNÁISIÚNTA	425
NA CUNTAIS D'EARNÁIL NA CODA EILE DEN DOMHAN AGUS A nGAOL LEIS NA CUNTAIS IDIRNÁISIÚNTA AR CHOMHARDÚ NA nÍOCAÍOCHTAÍ	426
Cuntas seachtrach earraí agus seirbhísí	426
<i>Luacháil</i>	429
<i>Earraí le haghaidh próiseála</i>	429

<i>Trádáil cheannaíochta</i>	430
<i>Earraí faoi thrádáil cheannaíochta</i>	430
<i>Allmhairí agus onnmhairí FISIM</i>	431
Cuntas seachtrach ioncaim phríomha agus thánaistigh	432
<i>Cuntas ioncaim phríomha</i>	433
<i>Ioncam ó infheistíocht dhíreach</i>	433
<i>Cuntas ioncaim thánaistigh (aistrithe reatha) an BPM 6</i>	433
Cuntas caipitil seachtrach	434
Cuntas airgeadais seachtrach agus an staid infheistíochta idirnáisiúnta (SII)	435
CLÁIR CHOMHARDAITHE D'EARNÁIL NA CODA EILE DEN DOMHAN	437
CAIBIDIL 19 CUNTAIS EORPACHA	439
RÉAMHRÁ	439
Ó CHUNTAIS NÁISIÚNTA GO CUNTAIS EORPACHA	439
<i>Sonraí a chomhshó in airgeadraí éagsúla</i>	440
<i>Institiúidí Eorpacha</i>	440
<i>Cuntas na coda eile den domhan</i>	441
<i>Comhardú na n-idirbheart</i>	442
<i>Aonaid tomhais praghsanna agus méideanna</i>	442
<i>Cláir chomhardaithe</i>	442
<i>Maitrísí idirearnálacha</i>	442
IARSCRÍBHINN 19.1. — CUNTAIS NA nINSTITIÚIDÍ EORPACHA	443
<i>Acmhainní</i>	443
<i>Úsáidí</i>	444
<i>Comhdhlúthú</i>	444
CAIBIDIL 20 CUNTAIS AN RIALTAIS	445
RÉAMHRÁ	445
EARNÁIL AN RIALTAIS GHINEARÁLTA A SHAINMHÍNIÚ	445
<i>Aonaid sa rialtas a shainaithint</i>	445
<i>Aonaid rialtais</i>	445
<i>INBanna atá aicmithe in earnáil an rialtais ghinearálta</i>	446
<i>Aonaid eile de chuid an rialtais ghinearálta</i>	446
<i>Rialú poiblí</i>	447
<i>Treoirmharcáil margaidh/neamh-mhargaidh</i>	447
<i>Gné na bpraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de</i>	447
<i>Critéar an cheannaitheora i gcás aschur táirgeora phoiblí</i>	448

<i>Díoltar an t-aschur le corparáidí agus le teaghlaigh den chuid is mó</i>	448
<i>Ní dhíoltar an t-aschur ach leis an rialtas</i>	448
<i>Díoltar an t-aschur leis an rialtas agus le hearnálacha eile</i>	448
An tástáil mhargaidh/neamh-mhargaidh	448
<i>Idirghabháil airgeadais agus teorainn an rialtais</i>	449
Cásanna idir eatarthu	449
<i>Ceannoifigi poiblí</i>	449
<i>Cistí pinsin</i>	449
<i>Samhailchorparáidí</i>	449
<i>Gníomhaireachtaí athstruchtúraithe</i>	450
<i>Gníomhaireachtaí um príobháidíú</i>	450
<i>Struchtúir neamhnithe</i>	450
<i>Eintitis shainchuspóireacha</i>	451
<i>Comhfhiontair</i>	451
<i>Gníomhaireachtaí rialála margaidh</i>	451
<i>Údaráis fhornáisiúnta</i>	452
Fo-earnálacha an rialtais ghinearálta	452
<i>An rialtas láir</i>	452
<i>An rialtas stáit</i>	452
<i>An rialtas áitiúil</i>	453
<i>Cistí slándála sóisialta</i>	453
STADREAMH AR AIRGEADAS AN RIALTAIS A THÍOLACADH	453
Creat	453
Ioncam	455
<i>Cánacha agus rannaíocaíochtaí sóisialta</i>	455
<i>Díolacháin</i>	455
<i>Ioncam eile</i>	458
Caiteachas	458
<i>Cúiteamh d'fhostaithe agus tomhaltas idirmheánach</i>	458
<i>Caiteachas ar shochair shóisialta</i>	459
<i>Ús</i>	459
<i>Caiteachas reatha eile</i>	459
<i>Caiteachas caipitiúil</i>	459
<i>Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3)</i>	460
<i>Caiteachas rialtais de réir feidhme (COFOG)</i>	460

Ítimí comhardaithe	461
<i>Glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9)</i>	461
<i>Athruithe ar ghlánfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil (B.101)</i>	461
Maoiniú	461
<i>Idirbhearta sócmhainní</i>	462
<i>Idirbhearta dliteanas</i>	463
Sreafaí eacnamaíocha eile	463
<i>Cuntas athluachála</i>	463
<i>Cuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní</i>	464
Cláir chomhardaithe	464
Comhdhlúthú	465
SAINCHEISTEANNA CUNTASAÍOCHTA A BHAINNEANN LEIS AN RIALTAS GINEARÁLTA ...	466
Ioncam ó cháin	466
<i>Saintréith an ioncaim ó cháin</i>	466
<i>Creidmheasanna cánach</i>	467
<i>Suimeanna le taifeadadh</i>	467
<i>Suimeanna neamh-inbhailithe</i>	467
Am taifeadta	467
<i>Taifeadadh ar bhonn fabhráithe</i>	467
<i>Cánacha a thairfeadadh ar bhonn fabhráithe</i>	467
Ús	468
<i>Bannaí lascainithe agus bannaí cúpóin nialasaigh</i>	469
<i>Urrús treoirnaisc</i>	469
<i>Díorthaigh airgeadais</i>	469
<i>Breitheanna cúirte</i>	469
<i>Caiteachas míleata</i>	469
Caidreamh an rialtais ghinearálta le corparáidí poiblí	470
<i>Infheistíocht chothromais i gcorparáidí poiblí agus tuilleamh a dháileadh</i>	470
<i>Infheistíocht chothromais</i>	470
<i>Instealltaí caipitil</i>	470
<i>Fóirdheontais agus instealltaí caipitil</i>	470
<i>Rialacha is infheidhme maidir le dálaí áirithe</i>	471
<i>Oibríochtaí fíoscacha</i>	471
Dáiltí na gcorparáidí poiblí	471
<i>Comparáid idir díbhinní agus aistarraingtí cothromais</i>	471

Comparáid idir chánacha agus aistarraingtí cothromais	472
Príobháidíú agus náisiúnú	472
Príobháidíú	472
Príobháidíú indéach	472
Náisiúnú	472
Idirbhearta leis an mbanc ceannais	473
Athstruchtúru, cumaisc, agus athaicmiú	473
Oibríochtaí fiachais	473
Fiachas a ghlacadh, fiachas a chealú agus fiachas a dhíscríobh	473
Fiachas a ghlacadh agus a chealú	473
Fiachas a ghlacadh lena ngabhann aistriú sócmhainní neamhairgeadais	474
Fiachais a dhíscríobh nó a dhíluacháil	474
Athstruchtúru fiachas eile	475
Fiachas a cheannach os cionn an mhargadhluacha	475
Neamhniú agus tarrtháil	475
Rátháíochtaí fiachais	476
Rátháíochtaí díorthach	476
Rátháíochtaí caighdeánaithe	477
Rátháíochtaí aonuaire	477
Urrúsú	477
Sainmhíniú	477
Critéir chun an díolachán a shainníthint	477
Sreafaí a thairfeadh	478
Saincheisteanna eile	478
Oibleagáidí pinsin	478
Íocaíochtaí cnapshuime	478
Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	479
Raon feidhme na gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	479
Úinéireacht eacnamaíoch agus leithdháileadh sócmhainne	479
Saincheisteanna cuntasáíochta	480
Idirbhearta le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus fornáisiúnta	481
Cúnamh forbartha	482
AN EARNÁIL PHOIBLÍ	483
Rialú na hearnála poiblí	483
Bainc cheannais	484

Samhailchorparáidí poiblí	485
Eintitis shainchuspóireacha & neamhchónaithigh	485
Comhfhiontair	485
CAIBIDIL 21 NAISC IDIR CUNTAIS GHNÓ AGUS CUNTAIS NÁISIÚNTA AGUS GNÍOMHAÍOCHT CHORPARÁIDEACH A THOMHAS	486
ROINNT MODHANNA AGUS RIALACHA SONRACHA MAIDIR LE CUNTASAÍOCHT GHNÓ	486
Am taifeadta	486
Cuntasaíocht iontrála dúbailte agus iontrála ceathrúla	486
Luacháil	486
Ráiteas ioncaim agus clár comhardaithe	487
CUNTAIS NÁISIÚNTA AGUS CUNTAIS GHNÓ: SAINCHEISTEANNA PRAITICIÚLA	487
AN tAISTRIÚ Ó CHUNTAIS GHNÓ GO CUNTAIS NÁISIÚNTA: SAMPLA NA nGNÓTHAS NEAMHAIRGEADAIS	488
Coigeartuithe coincheapúla	488
Coigeartuithe chun comhsheasmhacht le cuntais earnálacha eile a bhaint amach	488
Samplaí de choigeartuithe le haghaidh uileghabhálachta	488
SAINCHEISTEANNA SONRACHA	488
Gnóthachain/cailteanais sealúchais	488
Domhandú	489
Cumaisc agus éadálacha	489
CAIBIDIL 22 CUNTAIS SATAILÍTE	490
RÉAMHRÁ	490
Aicmithe de réir feidhme	493
MÓRTHRÉITHE NA gCUNTAS SATAILÍTE	496
Cuntais satailíte de réir feidhme	496
Cuntais earnála speisialta	499
Sonraí neamhairgeadaíochta a chuimsiú	503
Sonraí breise agus coincheapa forlíontacha	503
Bunchoincheapa éagsúla	504
Samhaltú a úsáid agus torthaí turgnamhacha a chuimsiú	504
Cuntais satailíte a leagan amach agus a thiomsú	505
NAOI gCUNTAS SATAILÍTE SHONRACHA	506
Cuntais talmhaíochta	507
Cuntais chomhshaoil	507
Cuntais sláinte	518
Cuntais táirgeachta teaghlach	520

Cuntais saothair agus an Mhairís Chuntasaíochta Shóisialta (MCS)	523
Cuntais táirgiúlachta agus fáis	525
Cuntais Taighde & Forbartha	526
Cuntais chosanta sóisialta	528
Cuntais turasóireachta	531
CAIBIDIL 23 AICMITHE	533
RÉAMHRÁ	533
AICMIÚ EARNÁLACHA INSTITIÚIDEACHA (S)	533
AICMIÚ IDIRBHEART AGUS SREAFÁÍ EILE	535
Idirbhearta táirgí (P)	535
Idirbhearta sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (cóid NP)	536
Idirbhearta dáiliúcháin (D)	537
Aistrithe reatha in airgead agus i gcomhchineál (D.5-D.8)	538
Aistrithe reatha in airgead agus i gcomhchineál (D.5)	539
Athruithe eile ar shócmhainní (K)	541
AICMIÚ ÍTIMÍ COMHARDAITHE AGUS GLANFHIÚCHAIS (B)	541
AICMIÚ NA nIONTRÁLACHA SA CHLÁR COMHARDAITHE (L)	542
AICMIÚ SÓCMHAINNÍ (A)	542
Sócmhainní neamhairgeadais (AN)	542
Sócmhainní airgeadais (AF)	544
AICMIÚ ÍTIMÍ FORLÍONTACHA	545
Iasachtaí neamhthuillmheacha	545
Seirbhísí caipitil	546
Tábla pinsean	546
Earraí marthanacha tomhaltais	548
Infheistíocht dhíreach eachtrach	548
Suíomhanna teagmhasacha	548
Airgeadra agus taiscí	549
Aicmiú urrús fiachais de réir aibíochta amuigh	549
Urrús fiachais liostaithe agus neamhliostaithe	549
Iasachtaí fadtéarmacha le haibíocht amuigh de thréimhse is lú ná bliain amháin agus iasachtaí fadtéarmacha arna n-urrú le morgáiste	549
Scaireanna infheistíochta liostaithe agus neamhliostaithe	550
Riaráistí úis agus aisíocaíochta	550
Seoltáin phearsanta agus iomlána	550

ATHGHRÚPÁIL AGUS CÓDÚ TIONSCAL (A) AGUS TÁIRGÍ (P)	550
AICMIÚ FHEIDHMEANNA AN RIALTAIS (COFOG)	565
AICMIU TOMHALTAIS AONAIR DE REIR CUSPORA (Coicop)	568
AICMIÚ CHUSPÓIRÍ NA nINSTITIÚIDÍ NEAMBHRABÚIS A FHÓNANN DO THEAGHLAIGH (COPNI)	570
AICMIÚ EISÍOCAÍOCHTAÍ TÁIRGEOIRÍ DE RÉIR CUSPÓRA (COPP)	571
CAIBIDIL 24 NA CUNTAIS	573
Tábla 24.1 Cuntas 0: Cuntas earraí agus seirbhísí	573
Tábla 24.2 Seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh an gheilleagair iomláin	573
Tábla 24.3 Seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh corparáidí neamhairgeadais	593
Tábla 24.4 Seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh corparáidí airgeadais	607
Tábla 24.5 Seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh an rialtais ghinearálta	622
Tábla 24.6 Seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh na dteaghlach	638
Tábla 24.7 Seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlach	654

CAIBIDIL 1

GNÉITHE GINEARÁLTA AGUS BUNPHRIONSABAIL

GNÉITHE GINEARÁLTA

- 1.01 Is éard atá sa Chóras Cuntas Eorpach (dá ngairtear CCE“CCE 2010” nó CCE“CCE” anseo feasta) creat cuntasáíochta atá comhoiriúnach go hidirnáisiúnta le haghaidh cur síos córasach agus mionsonraithe a dhéanamh ar gheilleagar iomlán (amhail réigiún, tír nó grúpa tíortha), ar a chomhpháirteanna agus ar an gcraidreamh idir é agus geilleagair iomlána eile.
- 1.02 Foilsíodh réamhtheachtaí CCE 2010, Córas Cuntas Eorpach 1995 (CCE 95), i 1996 ⁽¹⁾. Tá an struchtúr céanna ag modheolaíocht CCE 2010 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus a bhí ag CCE 95 sa chéad trí chaibidil déag, ach tá aon chaibidil déag nua curtha leis ina leagtar síos gnéithe an chórais a léiríonn forbairt maidir le geilleagair nua-aimseartha a thomhas, nó úsáid CCE 95 san Aontas Eorpach (an AE).
- 1.03 Is mar seo a leanas struchtúr an lámhleabhair. I gCaibidil 1, cumhdaítear gnéithe bunúsacha an chórais i dtéarmaí coincheapúla, agus leagtar amach inti prionsabail CCE agus tugtar tuairisc ar na haonaid bhunúsacha staidrimh agus a ngrúpálacha. Tugtar forbhreathnú inti ar sheicheamh na gcuntas, agus tuairisc ghearr ar phríomh-chomhiomláin agus ar ról táblaí soláthair agus úsáide agus ar an gcreat ionchuir-aschuir. I gCaibidil 2, tugtar tuairisc ar na haonaid institiúideacha a úsáidtear chun an geilleagar a thomhas, agus conas mar a aicmítear na haonaid sin in earnálacha agus i ngrúpaí eile chun anailís a dhéanamh. I gCaibidil 3, tugtar tuairisc ar na hidirbhearta ar fad a bhaineann le táirgí (earraí agus seirbhísí), chomh maith le sócmhainní neamhtháirgthe, sa chóras. I gCaibidil 4, tugtar tuairisc ar na hidirbhearta ar fad sa gheilleagar lena ndáiltear agus lena n-athdháiltear ioncam agus rachmas sa gheilleagar. I gCaibidil 5, tugtar tuairisc ar idirbhearta airgeadais sa gheilleagar. I gCaibidil 6, tugtar tuairisc ar athruithe a d'fhéadfadh tarlú do luach sócmhainní trí theagmhais neamheacnamaíocha nó trí athruithe ar phraghsanna. I gCaibidil 7, tugtar tuairisc ar chláir chomhardaithe, agus ar scéim aicmithe na sócmhainní agus na ndlíteanas. I gCaibidil 8, leagtar amach seicheamh na gcuntas, agus na hítimí comhardaithe a bhaineann le gach cuntas. I gCaibidil 9, tugtar tuairisc ar na táblaí soláthair agus úsáide, agus a ról chun aonaid tomhais ioncaim, aschuir agus caiteachais a réiteach sa gheilleagar. Tugtar tuairisc inti freisin ar na táblaí ionchuir-aschuir is féidir a dhíorthú ó na táblaí soláthair agus úsáide. I gCaibidil 10, tugtar tuairisc ar an mbonn coincheapúil atá leis na haonaid tomhais praghsanna agus méideanna a bhaineann leis na luachanna ainmniúla a fhaightear sna cuntais. I gCaibidil 11, tugtar tuairisc ar aonaid tomhais an mhargaidh saothair agus an daonra is féidir a úsáid taobh le haonaid tomhais na gcuntas náisiúnta in anailís eacnamaíoch. I gCaibidil 12, tugtar tuairisc ghearr ar chuntais náisiúnta ráithiúla, agus conas mar atá siad éagsúil leis na cuntais bhliantúla ó thaobh béime de.
- 1.04 I gCaibidil 13, tugtar tuairisc ar aidhmeanna, coincheapa agus ceisteanna tiomsaithe nuair atá sraith cuntas réigiúnach á leagan amach. I gCaibidil 14, cumhdaítear tomhas seirbhísí airgeadais arna soláthar ag idirgh-abhálaithe airgeadais arna gcistiú trí ghlanfháltais úis, agus léirítear inti na blianta a chaith na Ballstáit ar thaighde agus ar fhorbairt chun aonad tomhais atá láidir agus comhchuibhithe ar fud na mBallstát a fháil. Tá gá le Caibidil 15 maidir le conarthaí, léasanna agus ceadúnais chun réimse a bhfuil a thábhacht ag dul i méad sna cuntais náisiúnta a thuairisciú. I gCaibidil 16 agus i gCaibidil 17 maidir le hárachas, árachas sóisialta agus pinsin tugtar tuairisc ar conas mar a láimhseáiltear na socrúithe seo sna cuntais náisiúnta, mar go gcuirtear níos mó spéise i gceisteanna athdháilte de réir mar atá daonraí ag dul in aois. I gCaibidil 18, cumhdaítear na cuntais a bhaineann leis an gcuid eile den domhan, arb ionann iad agus coibhéis na gcuntas náisiúnta de na cuntais a bhaineann le córas tomhais chomhardú na n-íocaíochtaí. Is Caibidil nua freisin Caibidil 19 maidir le cuntais Eorpacha, ina gcumhdaítear gnéithe na gcuntas náisiúnta i gcás ina n-ardaítear ceisteanna faoi shocrúithe institiúideacha agus trádála Eorpacha a éilíonn cur chuige comhchuibhithe. I gCaibidil 20, tugtar tuairisc ar chuntais earnáil an rialtais — réimse sainspéise mar go bhfuil ceisteanna stuamachta fiosaí sna Ballstáit rithábhachtach fós i gcur i bhfeidhm beartais eacnamaíoch san AE. I gCaibidil 21, tugtar tuairisc ar na naisc idir cuntais ghnó agus cuntais náisiúnta, réimse sainspéise atá ag fás mar go bhfuil corparáidí ilnáisiúnta ag glacadh freagrachta as cion méadaitheach den olltáirgeacht intíre (OTI) i gcás na dtíortha uile. I gCaibidil 22, tugtar tuairisc ar an ngaol idir cuntais satailíte agus na príomhchuntais náisiúnta. Is chun críoch tagartha iad Caibidil 23 agus Caibidil 24; i gCaibidil 23 leagtar amach na haicmithe a úsáidtear d'earnálacha, do ghníomhaíochtaí agus do tháirgí in CCE 2010, agus i gCaibidil 24 leagtar amach seicheamh iomlán na gcuntas do gach earnáil.
- 1.05 Tá struchtúr CCE 2010 comhsheasmhach leis na treoracha domhanda maidir le cuntasáíocht náisiúnta, i gCóras Cuntas Náisiúnta 2008 (CCN 2008), amach ó dhifriúcháin áirithe maidir le tuairisciú agus le mionchruinneas coincheap áirithe CCE 2010 a úsáidtear le haghaidh críocha sonracha AE. Cuireadh na treoirí sin ar fáil faoi fhreagracht chomhpháirteach na Náisiún Aontaithe (NA), an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat), na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus an Bhainc Dhomhanda). Tá CCE 2010 dírithe ar na himthosca agus ar na riachtanais sonraí san AE. Fearacht CCN 2008, tá CCE 2010 ag teacht leis na coincheapa agus leis na haicmithe a úsáidtear in go leor

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal (IO L 310, 30.11.1996, lch. 1).

staidrimh shóisialta agus eacnamaíocha eile (mar shampla, i staidreamh maidir le fostaíocht, i staidreamh maidir le monaraíocht, i staidreamh maidir le trádáil sheachtrach). Fónann CCE 2010, dá bhí sin, mar chreat tagartha lárnach le haghaidh staidreamh sóisialta agus eacnamaíoch an AE agus a Bhallstát.

- 1.06 Tá dhá phríomhfhoireann táblaí cuimsithe i gcreat CCE:
- (a) cuntais na n-earnálacha institiúideacha;
- (b) an creat ionchuir-aschuir agus na cuntais de réir tionscail.
- 1.07 Soláthraíonn cuntais na n-earnálacha, de réir earnála institiúidí, cur síos córasach ar na céimeanna éagsúla sa phróiseas eacnamaíoch: táirgeadh, ginúint ioncaim, dáileadh ioncaim, athdháileadh ioncaim, úsáid ioncaim agus carnadh airgeadais agus neamhairgeadais. Áirítear clár chomhardaithe i gcuntais na n-earnálacha freisin agus déantar cur síos iontu ar stoic na sócmhainní, na ndliteanas agus an ghlanfhiúchais ag tús agus ag deireadh na tréimhe cuntasáíochta.
- 1.08 Trí na táblaí soláthair agus úsáide, sa chreat ionchuir-aschuir, tá tuairisc níos mionsonraithe le fáil ar an bpróiseas táirgthe (struchtúr na gcostas, an t-ioncam ginte agus fostaíocht) agus ar shreafaí earraí agus seirbhísí (aschur, allmhairí, onnmhairí, tomhaltas críochnaitheach, tomhaltas idirmheánach agus foirmiú caipitil de réir grúpa táirgí). Léirítear dhá chomhionannas cuntasáíochta thábhachtacha sa chreat sin: tá suim na n-ioncam arna nginiúint i dtionscal cothrom leis an mbreisluach arna tháirgeadh ag an tionscal sin; agus i gcás aon táirge nó aon ghrúpáil táirgí, tá an soláthar cothrom leis an éileamh.
- 1.09 Cuimsítear coincheapa an daonra agus na fostaíochta in CCE 2010. Is ábhartha coincheapa den sórt sin do chuntais na n-earnálacha, do na cuntais de réir tionscail agus don chreat soláthair agus úsáide.
- 1.10 Ní bhaineann CCE 2010 le cuntasáíocht náisiúnta bhliantúil amháin, ach le cuntais ráithiúla agus le cuntais do thréimhsí níos giorra nó níos faide chomh maith. Baineann sé le cuntais réigiúnacha chomh maith.
- 1.11 Maireann CCE 2010 taobh le taobh le CCN 2008 i ngeall ar úsáidí aonaid tomhais na gcuntas náisiúnta san AE. Tá Ballstáit freagrach as a gcuntais náisiúnta a thiomnú agus a thíolacadh chun cur síos a dhéanamh ar an staid eacnamaíoch ina dtíortha. Tiomsaíonn na Ballstáit sraith cuntas a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat) mar chuid de chlár rialaitheach um tharchur sonraí, a úsáidtear sna beartais thábhachtacha shóisialta, eacnamaíocha agus fhioscacha. Ar na húsáidí sin áirítear ranníocaíochtaí airgeadaíochta na mBallstát le buiséad an AE a chinneadh tríd an “ceathrú hacmhainn”, cabhair a thabhairt do réigiúin an AE trí chlár na gcistí struchtúracha agus faireachas a dhéanamh ar fheidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát faoi chuimsiú an nós imeachta um easnamh iomarcach agus an Chomhshocráithe Cobhsaíochta agus Fáis.
- 1.12 Ionas go leithdháilfeair tobhaigh agus sochair de réir na n-aonad tomhais arna dtíolacadh agus arna dtíolacadh ar bhealach fíor-chomhsheasmhach, tiomsófar an staidreamh eacnamaíoch arna úsáid chun na críocha sin de réir na gcoincheap agus na rialacha céanna. Is éard atá in CCE 2010 rialachán ina leagtar amach na rialacha, na coinbhinsiúin, na sainmhínte agus na haicmithe atá le cur i bhfeidhm agus na cuntais náisiúnta á soláthar sna Ballstáit a bheidh rannpháirteach sa chlár um tharchur sonraí mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Rialachán seo.
- 1.13 I bhfianaise na suimeanna móra airgid a bhaineann leis an gcóras ranníocaíochtaí agus sochar a oibrítear san AE, tá sé fíorthábhachtach go gcuirfeair an córas tomhais i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach Ballstát. In imthosca den sórt sin, tá sé tábhachtach cur chuige aireach a ghlacadh maidir le meastacháin nach féidir a bhreathnú go díreach ar an margadh, agus nósanna imeachta atá bunaithe ar shamhlacha a sheachaint agus meastacháin á ndéanamh ar aonaid tomhais sna cuntais náisiúnta.
- 1.14 I roinnt mhaith cásanna tá coincheapa CCE 2010 níos sonraí agus níos beaichte ná coincheapa CCN 2008 chun an méid comhsheasmhachta agus is féidir a áirithiú idir aonaid tomhais na mBallstát, aonaid tomhais a dhíorthaítear ó na cuntais náisiúnta. I ngeall ar an riachtanas uileghabhálach maidir le meastacháin chomhsheasmhacha láidre a chur ar fáil, aithníodh sraith de bhunchuntais náisiúnta san AE. I gcás nach leor an leibhéal comhsheasmhachta tomhais ar fud na mBallstát, áirítear na meastacháin sna “neamh-bhunchuntais” ina gcumhdaítear táblaí forlíontacha agus cuntais satailíte.
- 1.15 Sampla amháin inar measadh gur ghá bheith aireach maidir le dearadh CCE 2010 is ea réimse na ndliteanas pinsin. Tá cás láidir ann iad a thomhas chun cuidiú le hanailísí eacnamaíocha, ach i ngeall ar an riachtanas fíorthábhachtach san AE cuntais atá comhsheasmhach ó thaobh ama agus spáis de a chur ar fáil, níor mhór cur chuige aireach a úsáid.

Domhandú

- 1.16 I ngeall ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch bheith ag éirí níos domhandaithe de réir a chéile, tá méadú tagtha ar thrádáil idirnáisiúnta de gach uile chineál, agus is mó dá réir na dúshlán atá roimh thíortha chun a ngeilleagair intíre a thaifeadh sna cuntais náisiúnta. Is éard atá sa domhandú próiseas dinimiciúil agus ilghnéitheach trína n-éiríonn acmhainní náisiúnta níos soghluaiste ar leibhéal idirnáisiúnta, agus trína n-éiríonn geilleagair náisiúnta níos idirspleáiche de réir a chéile. Is é an ghné sin den domhandú is mó is cúis le fadhbanna tomhais do na cuntais náisiúnta ná an cion méadaitheach d'idirbhearta idirnáisiúnta a dhéanann corparáidí ilnáisiúnta, nuair is idir máthairchorparáidí, fochorparáidí agus corparáidí cleamhnaithe a dhéantar na hidirbhearta thar theorainneacha. Ach tá dúshlán eile ann, áfach, agus seo a leanas liosta níos cuimsithí de na saincheisteanna maidir le sonraí:
- (1) praghsáil aistrithe idir corparáidí cleamhnaithe (luacháil allmhairí agus onnmhairí);
 - (2) méadú ar dholaphróiseáil, ina ndéantar earraí a thrádáil thar theorainneacha idirnáisiúnta gan aon athrú úinéireachta (earraí le haghaidh próiseála), agus trádáil cheannaíochta;
 - (3) trádáil idirnáisiúnta ar an idirlíon, i gcás corparáidí agus teaghlach;
 - (4) sócmhainní maoine intleachtúla a thrádáil agus a úsáid ar fud an domhain;
 - (5) oibrithe ag obair thar lear, agus ag seoladh suimeanna suntasacha airgid ar ais chuig a dteaghlaigh sa chríoch intíre (seoltáin oibrithe, mar chuid d'aistrithe pearsanta);
 - (6) corparáidí ilnáisiúnta a eagraíonn a ngnó thar theorainneacha náisiúnta, chun éifeachtúlacht táirgthe a uasmhéadú agus chun an muirear cánach domhanda a íosmhéadú. D'fhéadfadh struchtúir shaorga chorparáide teacht as seo agus b'fhéidir nach léireoidís an réaltacht eacnamaíoch;
 - (7) meáin mhaoiniúcháin easchósta a úsáid (Eintitis Shainchuspóireacha agus foirmeacha eile) chun maoiniú a eagrú do ghníomhaíochtaí domhanda;
 - (8) earraí a ath-onnmhairiú agus, san AE, earraí a iompar idir Bhallstáit tar éis dóibh teacht isteach san Aontas (cuasai-iompar);
 - (9) méadú ar chaidrimh infheistíochta díri eachtraí, agus an gá sreafaí infheistíochta díri a aithint agus a leithdháileadh.
- 1.17 I ngeall ar na gnéithe coiteanna seo den domhandú a bheith ag méadú, is dúshlán méadaitheach do staitisteoírí náisiúnta é sreafaí thar theorainneacha a ghabháil agus a thomhas go cruinn. Fiú le córas cuimsitheach láidir bailiúcháin agus tomhais do na hiontrálacha in earnáil na coda eile den domhan (agus mar sin freisin do na cuntais idirnáisiúnta atá i gcomhardú na n-íocaíochtaí), méadóidh an domhandú an gá atá ann le hiarrachtaí breise a dhéanamh chun cáilíocht na gcuntas náisiúnta sna geilleagair ar fad agus sna grúpálacha geilleagar ar fad a choimeád.

ÚSÁIDÍ A BHAINTEAR AS CCE 2010**Creat le haghaidh analíse agus beartais**

- 1.18 Féadfar creat CCE a úsáid chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
- (a) Struchtúr geilleagair iomláin. Seo thíos samplaí de na cineálacha beart atá in úsáid:
 - (1) breisluach agus fostaíocht de réir tionscail;
 - (2) breisluach agus fostaíocht de réir réigiúin;
 - (3) ioncam dáilte de réir earnála;
 - (4) allmhairí agus onnmhairí de réir grúpa táirgí;
 - (5) caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach de réir ceanteidil feidhme agus de réir grúpa táirgí;
 - (6) foirmiú caipitil sheasta agus stoc caipitil sheasta de réir tionscail;
 - (7) comhdhéanamh na stoc agus na sreafaí sócmhainní airgeadais de réir cineál sócmhainne agus de réir earnála;

- (b) codanna sonracha nó gnéithe sonracha de gheilleagar. Ar na táirgí sin tá:
- (1) baincéireacht agus airgeadas sa gheilleagar náisiúnta;
 - (2) ról an rialtais agus a stad airgeadais;
 - (3) geilleagar réigiúin ar leith (i gcomparáid le geilleagar an náisiúin ina iomláine);
 - (4) leibhéal choigiltis agus fiachais teaghlach;
- (c) forbairt geilleagair le himeacht ama. Seo samplaí di:
- (1) an anailís ar rátaí fáis OTI (Olltáirgeacht intíre);
 - (2) an anailís ar bhoilsciú;
 - (3) an anailís ar phatrúin shéasúracha i gcaiteachas teaghlach ar bhonn na gcuntas ráithiúil;
 - (4) an anailís ar thábhacht athraitheach cineálacha áirithe ionstraimí airgeadais le himeacht ama, e.g. méadú ar thábhacht díorthach airgeadais;
 - (5) an chomparáid idir struchtúir thionsclaíocha an gheilleagair náisiúnta go fadtéarmach;
- (d) geilleagar iomlán i gcoibhneas le geilleagair eile. Ar na táirgí sin tá:
- (1) an chomparáid idir ról agus méid an rialtais i mBallstáit an AE;
 - (2) an anailís ar an idirthuilleamaíocht idir gheilleagair an AE; **agus na Ballstáit agus a gcuid réigiún á gcur san áireamh;**
 - (3) an anailís ar chomhdhéanamh agus ar cheann scríbe onnmhairí an AE;
 - (4) an chomparáid idir rátaí fáis OTI nó ioncam indiúscartha in aghaidh an duine san AE agus i ngeilleagair fhorbartha eile.
- 1.19 Tá na figiúirí ó chreat CCE an-tábhachtach don AE agus dá Bhallstáit chun a mbeartais shóisialta agus eacnamaíocha a fhoirmlíú agus faireachán a dhéanamh orthu.
- Léiríonn na samplaí a leanas úsáidí a bhaintear as creat CCE:
- (a) ceapadh beartas airgeadaíochta agus maicreacnamaíoch don limistéar euro a threorú agus faireachán a dhéanamh air agus critéir chóineasaithe don aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA) a shainiú i dtéarmaí fhigiúirí na gcuntas náisiúnta (e.g. rátaí fáis OTI);
 - (b) critéir a shainiú don nós imeachta um easnamh iomarcach: aonaid tomhais ar easnamh agus fiachas rialtais;
 - (c) tacaíocht airgeadais a dheonú ar réigiúin san AE: cistí caiteachais a leithdháileadh ar réigiúin ag úsáid staidreamh cuntas réigiúnach;
 - (d) acmhainní dílse bhuiséad an AE a chinneadh. Tá trí bhealach ann ina mbraitheann an úsáid dheireanach seo ar fhigiúirí cuntas náisiúnta:
 - (1) cinntear na hacmhainní iomlána don AE mar chéatadán de shuim ollioncam náisiúnta na mBallstát (OIN);
 - (2) is í tríú hacmhainn dhílis an AE an acmhainn dhílis bunaithe ar CBL. Tá ranníocaíochtaí ó na Ballstáit le haghaidh na hacmhainne seo go mór faoi thionchar fhigiúirí na gcuntas náisiúnta, mar go n-úsáidtear iad chun an meánráta CBL a ríomh;

- (3) tá méideanna coibhneasta na ranníocaíochtaí ó na Ballstáit le haghaidh ceathrú hacmhainn dhílis an AE bunaithe ar a meastacháin ar ollioncam náisiúnta. Tá formhór íocaíochtaí na mBallstát bunaithe ar na meastacháin seo.

Saintréithe na gcoincheap in CCE 2010

1.20 D'fhonn cothromaíocht a bhunú idir na riachtanais agus na féidearthachtaí i dtaca le sonraí, tá roinnt saintréithe tábhachtacha ag na coincheapa in CCE 2010. De réir na saintréithe beidh na cuntais:

- (a) comhoiriúnach go hidirnáisiúnta;
- (b) comhchuibhithe le córais staidrimh shóisialta agus eacnamaíoch eile;
- (c) comhsheasmhach;
- (d) oibríochtúil, rud a chiallaíonn gur féidir iad a thomhas sa chleachtas;
- (e) difriúil ó fhormhór na gcoincheap riaracháin;
- (f) dea-bhunaithe agus socraithe le haghaidh tréimhse fada;
- (g) dírithe ar chur síos a dhéanamh ar an bpróiseas eacnamaíoch i dtéarmaí airgeadaíochta agus i dtéarmaí atá inbhreathnaithe go héasca;
- (h) ar féidir feidhm a bheith acu in imthosca éagsúla agus chun críoch éagsúil.

1.21 Tá na coincheapa in CCE 2010 comhoiriúnach go hidirnáisiúnta de bharr an méid seo a leanas:

- (a) tá na coincheapa a úsáidtear in CCE 2010 ag teacht go hiomlán leis na coincheapa sna treoracha domhanda maidir le cuntasáíocht náisiúnta, i.e. CCN 2008;
- (b) is é CCE 2010 an múnla caighdeánach, i gcás na mBallstát, chun sonraí ó na cuntais náisiúnta a chur faoi bhráid na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta go léir;
- (c) tá comhoiriúnacht na gcoincheap ar bhonn idirnáisiúnta fíor-riachtanach nuair atá comparáid á déanamh idir staidreamh ó thíortha éagsúla.

1.22 Tá na coincheapa in CCE 2010 á gcomhchuíbhíú leis na coincheapa atá i staidreamh sóisialta agus eacnamaíoch eile mar úsáideann CCE 2010 coincheapa agus aicmithe (e.g. Aicmiú staidrimh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach "NACE Rev. 2"⁽¹⁾) a úsáidtear le haghaidh staidrimh eile shóisialta agus eacnamaíocha de chuid Ballstát, e.g. i staidreamh maidir le monaraíocht, i staidreamh maidir le trádáil sheachtrach agus i staidreamh maidir le fostaíocht; tá an méid is lú agus is féidir de dhifriochtaí coincheapúla á n-úsáid. Thairis sin, tá na coincheapa agus na haicmithe in CCE 2010 comhchuibhithe le coincheapa agus aicmithe na Náisiún Aontaithe.

Cuidíonn an comhchuíbhíú le staidreamh sóisialta agus eacnamaíoch leis an nascáil leis na figiúirí seo agus le comparáid a dhéanamh eatarthu, chun gur féidir cáilíocht na bhfigiúirí sna cuntais náisiúnta a áirithiú. Ina theannta sin, is féidir an fhaisnéis atá sa staidreamh sonrath seo a chur i gcomparáid níos fearr leis an staidreamh ginearálta ar an ngeilleagar náisiúnta.

1.23 I ngeall ar na coincheapa comhroinnte a úsáidtear ar fud chreat na gcuntas náisiúnta agus na gcóras staidrimh shóisialta agus eacnamaíoch eile, is féidir aonaid tomhais chomhsheasmhacha a dhíorthú. Is féidir, mar shampla, na cóimheasa seo a leanas a ríomh:

- (a) figiúirí táirgiúlachta, amhail breisluach san uair an chloig oibrithe (ní mór comhsheasmhacht idir choincheap an bhreisluacha agus choincheap na n-uaireanta an chloig oibrithe chun an figiúr seo a ríomh);
- (b) an t-ioncam indiúscartha náisiúnta in aghaidh an duine (ní mór comhsheasmhacht idir choincheap an ioncaim indiúscartha náisiúnta agus choincheap aonaid tomhais an daonra don chóimheas seo);
- (c) foirmiú caipitil sheasta mar chéatadán den stoc caipitil sheasta (ní mór comhsheasmhacht idir na sainmhínthe ar na sreafaí agus ar na stoic seo don chóimheas seo);

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Rev. 2 (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

- (d) easnamh rialtais agus fiachas rialtais mar chéatadáin den olltáirgeacht intíre (ní mór comhsheasmhacht idir choincheap an easnamh rialtais, choincheap an fhiachais rialtais agus choincheap na holltáirgeachta intíre chun na figiúirí seo a ríomh).

Ceadaítear leis an gcomhsheasmhacht inmheánach seo idir na coincheapa CCEgo ndíorthaítear meastacháin ag úsáid iarmharaigh, e.g. is féidir coigilt a mheas mar an difríocht idir ioncam indíscartha agus caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach.

- 1.24 Cuirtear na coincheapa in CCE 2010 i bhfeidhm ar bhealach atá dírithe ar bhailiú agus ar thomhas sonraí. Léirítear an nádúr oibríochtúil ar roinnt bealaí sa treoir a thugtar chun na cuntais a leagan amach:

- (a) ní thugtar tuairisc ar ghníomhaíochtaí ná ar ítimí ach amháin nuair atá méid suntasach díobh ann. Mar shampla: maidir le táirgeadh féinchuntais earraí ag teaghlach amháil fíodóireacht éadaí agus criadóireacht, ní thairfeadfar iad mar tháirgeadh, ós rud é nach bhfuil méid suntasach díobh ann i dtíortha an AE;
- (b) gabhann treoir maidir le conas meastachán a dhéanamh orthu le coincheapa áirithe. Mar shampla, agus ídiú caipitil sheasta á shainiú, déantar tagairt do dhímheas líneach. Chun meastachán a dhéanamh ar stoc caipitil sheasta bainfear úsáid as modh an stoc-chuntais shíoraí i gcás ina bhfuil faisnéis dhíreach ar stoc na sócmhainní seasta in easnamh. Sampla ábhartha eile is ea luacháil an táirgthe féinchuntais: i bprionsabal, déantar é a luacháil ag na bunphraghsanna, ach is féidir, más gá, an luacháil ag na bunphraghsanna a neasú trí na costais bhainteacha éagsúla a shuimiú;
- (c) táthar tar éis roinnt gnásanna a ghlacadh. Mar shampla, is mar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach a aicmítear na seirbhísí comhchoiteanna go léir arna soláthar ag an rialtas.

- 1.25 Mar sin féin, d'fhéadfadh nach mbeadh sé éasca na sonraí is gá do staidreamh na gcuntas náisiúnta a bhailiú go díreach, mar go mbíonn na coincheapa bunúsacha difriúil ó na coincheapa is bun leis na foinsí sonraí riaracháin. Is samplaí de na foinsí riaracháin iad cuntais ghnó, taifid ar chineálacha éagsúla cánacha (CBL, cáin ar ioncam pearsanta, tobhaigh ar allmhairí, etc.), sonraí slándála sóisialta agus sonraí ó bhoird mhaoirseachta baincúireachta agus árachais. Úsáidtear na sonraí riaracháin seo go minic mar ionchur chun cuntais náisiúnta a thiomsú. Go ginearálta, déantar iad a chlaochlú chun go mbeidh siad i gcomhréir le CCE.

Tá na coincheapa in CCE difriúil óna gcontrapháirteanna riaracháin sa mhéid seo a leanas:

- (a) tá difríocht idir coincheapa riaracháin sna tíortha éagsúla. De thoradh air sin, ní féidir comhoiriúnacht ar bhonn idirnáisiúnta a bhaint amach trí bhíthin coincheap riaracháin;
- (b) athraíonn coincheapa riaracháin le himeacht ama. Dá thoradh sin, ní féidir inchomparáideacht thar thréimhse ama a bhaint amach trí bhíthin coincheap riaracháin;
- (c) ní bhíonn na coincheapa atá mar bhun leis na foinsí sonraí riaracháin ag luí le chéile de ghnáth sna córais riaracháin éagsúla. Mar sin féin, ní féidir sonraí a nascadh agus comparáid a dhéanamh eatarthu, rud atá fíorriachtanach chun figiúirí a thiomsú ó na cuntais náisiúnta, ach amháin trí fhoireann chomhsheasmhach coincheap a úsáid;
- (d) go ginearálta, ní bhíonn na coincheapa riaracháin barrmhaith le haghaidh anailíse eacnamaíche ná le haghaidh meastóireachta ar bheartas eacnamaíoch.

- 1.26 Mar sin féin, sásaíonn foinsí sonraí riaracháin riachtanais sonraí na gcuntas náisiúnta agus staidrimh eile chomh maith, i ngeall ar an méid seo a leanas:

- (a) ní foláir coincheapa agus aicmithe a ceapadh i dtosach chun críocha staidrimh a ghlacadh freisin chun críoch riaracháin, e.g. an t-aicmiú ar chaiteachas rialtais de réir cineáil;
- (b) déanann foinsí sonraí riaracháin na riachtanais sonraí (ar leithligh) a bhíonn ag staidreamh a chur san áireamh go sainráite; tá feidhm ag an méid seo, mar shampla, maidir le córas Intrastat a sholáthraíonn faisnéis faoi sheachadadh earraí idir Bhallstáit.

- 1.27 Tá na príomhchoincheapa a úsáidtear in CCE dea-bhunaithe agus socraithe le haghaidh thréimhse fada, ós rud é:

- (a) go bhfuil siad formheasta mar chaighdeán idirnáisiúnta ar feadh blianta fada;
- (b) sna treoirínte idirnáisiúnta comhleánúna maidir le cuntasáíocht náisiúnta, is fíorbheagán coincheap bunúsach a athraíonn.

I ngeall ar an leanúnachas coincheapúil seo, laghdaítear an gá le hamshraitheanna a athríomh. Ina theannta sin, cuireann sé teorainn le leochaileacht na gcoincheap ó thaobh brú pholaitiúil de ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Ar na cúiseanna sin, bhíothas in ann na figiúirí ó na cuntais náisiúnta a úsáid mar bhunachar sonraí oibiachtúil le haghaidh beartais eacnamaíoch agus anailíse eacnamaíche.

- 1.28 Tá na coincheapa in CCE 2010 dírithe ar chur síos a dhéanamh ar an bpróiseas eacnamaíoch i dtéarmaí airgeadaíochta agus i dtéarmaí atá inbhreathnaithe go héasca. Ní dhéantar stoic agus sreafaí nach bhfuil inbhreathnaithe go héasca i dtéarmaí airgeadaíochta nó nach bhfuil contrapháirt airgeadaíochta shoiléir acu a thairgeadh in CCE.

Níor cuireadh an prionsabal sin i bhfeidhm go dian, ós rud é nárbh fholáir an ceanglas comhsheasmhachta agus riachtanais úsáideoirí a chur san áireamh freisin. Mar shampla, éilíonn comhsheasmhacht go dtairgeadh luach seirbhísí comhchoiteanna arna dtairgeadh ag an rialtas mar aschur, ós rud é go bhfuil íoc cúitimh d'fhostaithe agus ceannach cineálacha éagsúla earraí agus seirbhísí ag an rialtas inbhreathnaithe go héasca i dtéarmaí airgeadaíochta. Ina theannta sin, chun críocha anailíse eacnamaíche agus beartais eacnamaíoch, trí sheirbhísí comhchoiteanna an rialtais a thuairisciú i gcoibhneas leis an gcuid eile den gheilleagar náisiúnta, méadaítear a úsáidí agus atá na cuntais náisiúnta ina n-iomláine.

- 1.29 Is féidir raon feidhme na gcoincheap a úsáidtear in CCE a léiriú trí roinnt saincheisteanna teorannacha tábhachtacha a mheas.

Tairgeadh an méid seo a leanas faoi chuimsiú theorainn an tairgthe in CCE (féach mír 3.07 go mír 3.09):

- (a) seirbhísí aonair agus seirbhísí comhchoiteanna arna dtairgeadh ag an rialtas;
- (b) tairgeadh seirbhísí tithíochta ar bhonn féinchuntais ag úinéirí-áititheoirí;
- (c) tairgeadh earraí chun críche tomhaltais chríochnaithe dhílis, e.g. tairgí talmhaíochta;
- (d) tógáil ar bhonn féinchuntais, lena n-áirítear tógáil arna déanamh ag teaghlach;
- (e) seirbhísí arna dtairgeadh ag fostaithe tí ar íocaíocht;
- (f) síolrú éisc ar fheirmeacha éisc;
- (g) tairgeadh atá toirmisce de réir an dlí, fad is a théann na haonaid uile lena mbaineann i mbun an idirbhirte ar bhonn deonach;
- (h) tairgeadh nach ndéantar an t-ioncam uaidh a dhearbhu go hiomlán do na húdarais fhioscacha, e.g. tairgeadh folaitheach teicstíle.

- 1.30 Ní thagann an méid seo a leanas faoi chuimsiú theorainn an tairgthe, agus ní thairgeadh é in CCE:

- (a) seirbhísí tí agus seirbhísí pearsanta arna dtairgeadh agus arna dtomhailt laistigh den teaghlach céanna, e.g. glanadh, ullmhú béilí nó cúram daoine breoite nó seandaoine;
- (b) seirbhísí deonacha nach mbíonn tairgeadh earraí mar thoradh orthu, e.g. aire a thabhairt do dhaoine nó do rudaí agus glanadh gan íocaíocht;
- (c) síolrú nádúrtha éisc ar na farraigí.

- 1.31 Déantar an t-aschur go léir a thig as tairgeadh faoi chuimsiú theorainn an tairgthe a thairgeadh in CCE. Mar sin féin, ní dhéantar an t-aschur ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha a thairgeadh. Déantar gach ionchur arna thomhailt ag gníomhaíocht choimhdeach a láimhseáil mar ionchur sa ghníomhaíocht lena dtacaíonn sé. Má tá bunaíocht nach ndéanann ach gníomhaíochtaí coimhdeacha amháin inbhreathnaithe ó thaobh staidrimh de, sa mhéid is go bhfuil cuntais ar leith ar fáil go héasca maidir leis an tairgeadh a dhéanann sí, nó má tá sí lonnaithe i suíomh geografach eile seachas mar a bhfuil na bunaíochtaí a bhfónann sí dóibh, ní foláir í a thairgeadh mar aonad ar leith agus a leithdháileadh ar an aicmiú tionsclaíoch a chomhfhreagraíonn dá príomhghníomhaíocht, sna cuntais náisiúnta agus réigiúnacha araon. I gcás nach bhfuil fáil ar bhunsonraí oiriúnacha, féadfar aschur na gníomhaíochta coimhdí a mheas trí chostais a shuimiú.

- 1.32 Má fhéachtar ar ghníomhaíochtaí áirithe mar thairgeadh agus má thairgeadh a n-aschur, déantar na comhthorthaí, is iad sin an t-ioncam, an fhostaíocht, an tomhaltas críochnaitheach, etc. a thairgeadh freisin. Mar shampla, ós rud é go ndéantar seirbhísí tithíochta arna dtairgeadh ar bhonn féinchuntais ag úinéirí-áititheoirí a thairgeadh mar thairgeadh, déantar an t-ioncam agus an caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach a ghineann sé do na húinéirí-áititheoirí sin a thairgeadh amhlaidh. Toisc nach bhfuil, de réir an tsainmhíneithe, aon ionchur saothair i dtairgeadh seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe, ní thairgeadh aon fhostaíocht. Áirithíonn sé sin comhsheasmhacht le córas an staidrimh saothair mar nach ndéantar aon fhostaíocht i leith úinéireachta teaghaisí a thairgeadh faoin gcóras sin. Tá a mhalairt fíor, áfach, nuair nach dtairgeadh gníomhaíochtaí áirithe mar thairgeadh: ní ghineann seirbhísí tí arna dtairgeadh agus arna dtomhailt laistigh den teaghlach céanna ioncam ná caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach agus níl aon fhostaíocht i gceist.

1.33 Leagtar síos leis an CCE gnásanna freisin, a bhainnean le:

- (a) luacháil aschur an rialtais;
- (b) luacháil aschur seirbhísí árachais agus seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach;
- (c) taifeadtar na seirbhísí comhchoiteanna arna soláthar ag an rialtas mar chaiteachas ar thomhaltas críoch-naitheach agus ní mar thomhaltas idirmheánach.

Aicmiú de réir earnála

1.34 Cruthaítear cuntais earnálacha trí aonaid a leithdháileadh ar earnálacha agus is féidir ar an gcaoi sin idirbhearta agus ítimí comhardaithe na gcuntas a thíolacadh de réir earnála. Léiríonn an tíolacadh de réir earnála go leor aonad tomhais tábhachtach chun críoch beartais eacnamaíoch agus fhioscaigh. Is iad na príomhearnálacha atá ann teaghlaigh, corparáidí (airgeadais agus neamhairgeadais), institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (INBFTanna) agus an chuid eile den domhan.

Tá an t-idirdhealú idir gníomhaíocht mhargaidh agus gníomhaíocht neamh-mhargaidh an-tábhachtach. Aicmítear eintiteas arna rialú ag an rialtas, agus atá ina chorparáid mhargaidh, faoi earnáil na gcorparáidí, lasmuigh d'earnáil an rialtais ghinearálta. Ar an dóigh sin, ní bheidh leibhéil easnamh agus fiachais na corparáide mar chuid d'easnamh agus d'fiachas an rialtais ghinearálta.

1.35 Tá sé tábhachtach critéir shoiléire agus láidre a leagan amach i dtaca le heintitis a leithdháileadh ar earnálacha.

Is éard atá san earnáil phoiblí na haonaid institiúideacha uile atá cónaitheach sa gheilleagar agus atá á rialú ag an rialtas. Is éard atá san earnáil phríobháideach na haonaid chónaitheacha eile ar fad.

I dTábla 1.1, leagtar amach na critéir a úsáidtear chun idirdhealú a dhéanamh idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, agus san earnáil phoiblí idir earnáil an rialtais agus earnáil na gcorparáidí poiblí, agus san earnáil phríobháideach idir earnáil na INBFTanna agus earnáil na gcorparáidí príobháideacha.

Tábla — 1.1

Critéir	Faoi rialú an rialtais (An earnáil phoiblí)	Faoi rialú príobháideach (An earnáil phríobháideach)
Aschur neamh-mhargaidh	An rialtas ginearálta	INBFTanna
Aschur margaidh	Corparáidí poiblí	Corparáidí príobháideacha

1.36 Sainmhínítear rialú mar an cumas beartas ginearálta nó clár ginearálta aonaid institiúidigh a chinneadh. Tugtar tuilleadh sonraí maidir leis an sainmhíniú ar rialú i mír 2.35 go mír 2.39.

1.37 Maidir le difreáil a dhéanamh idir earnáil mhargaidh agus earnáil neamh-mhargaidh, agus dá réir sin, i gcás eintiteas na hearnála poiblí, iad a aicmiú in earnáil an rialtais ghinearálta nó in earnáil na gcorparáidí, cinntear é leis an rial seo a leanas:

Féachtar ar ghníomhaíocht mar ghníomhaíocht mhargaidh nuair a dhéantar na hearraí agus seirbhísí comhfhreagracha a thrádáil faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (1) má ghníomhaíonn díoltóirí chun uasbhrabúis a fháil san fhadtearma, agus má dhéanann siad amhlaidh trí earraí agus seirbhísí a dhíol gan srianadh ar an margadh le pé duine atá sásta an praghas iarrata a íoc;
- (2) má ghníomhaíonn ceannaitheoirí chun a bhfóntacht a uasmhéadú i bhfianaise a n-acmhainní teoranta, trí na táirgí is fearr a shásóidh a riachtanais a cheannach ag an bpraghas arna thairiscint;
- (3) tá ann do mhargáí éifeachtacha nuair atá rochtain ag díoltóirí agus ag ceannaitheoirí ar an margadh agus nuair atá faisnéis iomlán acu faoin margadh. Féadfaidh margadh éifeachtach feidhmiú fós fiú mura gcomhlíontar na coinníollacha sin ina n-iomláine.

1.38 Ceadáíonn an mionsonrú a dhéantar i gcreat na gcoincheap in CCE gur féidir an creat a úsáid ar bhealach solúbtha: níl coincheapa áirithe san áireamh in CCE go sainráite ach is féidir iad a dhíorthú as mar sin féin. Sampla is ea cruthú earnálacha nua trí na fo-earnálacha atá sainmhínithe in CCE a atheagrú.

- 1.39 Is féidir úsáid sholúbtha a bhaint as freisin trí chritéir bhreise a thabairt isteach nach bhfuil ar neamhréir le loighic an chórais. Mar shampla, leis na critéir seo is féidir cuntais fo-earnála a tharraingt suas, de réir scála na fostaíochta le haghaidh aonad táirgthe nó méid an ioncain le haghaidh na dteaghlach. I gcás na fostaíochta, d'fhéadfaí fo-aicmiú de réir leibhéil oideachais, de réir aoise agus de réir inscne a thabhairt isteach.

Cuntais satailíte

- 1.40 I gcás riachtanais sonraí áirithe, ba cheart cuntais satailíte ar leith a tharraingt suas.

Ar na táirgí sin tá:

- (a) Maitrísí Cuntasaíochta Sóisialta (MCSanna);
- (b) ról na turasóireachta sa gheilleagar náisiúnta;
- (c) an anailís ar chostas agus ar mhaoiniú an chúraim sláinte;
- (d) taighde agus forbairt a aithnítear mar fhoirmiú caipitil maoinne intleachtúla;
- (e) caipiteal daonna a aithint mar shócmhainní sa gheilleagar náisiúnta;
- (f) an anailís ar ioncam agus ar chaiteachas teaghlach ar bhonn coincheap ioncain agus caiteachais atá micreabhunaithe;
- (g) an t-idirghníomhú idir an comhshaol agus an geilleagar;
- (h) táirgeadh laistigh de theaghlaigh;
- (i) an anailís ar athruithe ar leas;
- (j) an anailís ar na difríochtaí idir na figiúirí i gcuntais náisiúnta agus i gcuntais ghnó agus a dtionchar ar stocmhargáí agus ar mhargáí airgeadraí;
- (k) meastachán na n-ioncam ó chánacha.

- 1.41 Fónann na cuntais satailíte do na riachtanais sonraí sin trí:

- (a) níos mó mionsonraí a thaispeáint nuair is gá agus trí mhionsonraí iomarcacha a fhágáil ar lár;
- (b) raon feidhme an chreata cuntasaíochta a mhéadú trí fhaisnéis neamhairgeadaíochta a chur leis, e.g. faisnéis faoi thruailliú agus faoi shócmhainní comhshaoil;
- (c) bunchoincheapa áirithe a athrú, e.g. trí choincheap an fhoirmithe caipitil a mhéadú trí chaiteachas ar oideachas a áireamh.

- 1.42 Is éard atá i Maitrís Chuntasaíochta Sóisialta (MCS) cur i láthair i bhfoirm maitrise lena leagtar amach na nascálacha idir táblaí soláthair agus úsáide agus na cuntais earnála. Soláthraíonn MCS, de ghnáth, faisnéis bhreise faoi leibhéal agus faoi chomhdhéanamh na fostaíochta, trí chúiteamh d'fhostaithe a fhoroinnt de réir an chineáil duine a fhostaítear. Baineann an fhoroinnt sin le húsáid saothair de réir tionscail, mar a léirítear sna táblaí úsáide, agus le soláthar saothair de réir foghrúpa shocheacnamaíoch, mar a léirítear sa chuntas leithdháilte ioncain phríomha le haghaidh fho-earnálacha earnáil na dteaghlach. Ar an mbealach sin, léirítear go córasach soláthar agus úsáid catagóirí éagsúla saothair.

- 1.43 Sna cuntais satailíte, coimeádtar coincheapa agus aicmithe bunúsacha uile an chreata lárnaigh CCE 2010. Ní thabharfar isteach aon athruithe ar na coincheapa ach amháin nuair is é sin is aidhm don chuntas satailíte. Sna cásanna sin, beidh tábla sa chuntas satailíte freisin ina léirítear an nasc idir na príomh-chomhiomláin sa chuntas satailíte agus na príomh-chomhiomláin sa chreat lárnach. Ar an gcuma sin, coimeádtar an creat lárnach a ról mar chreat tagartha agus, an tráth céanna, déantar riachtanais is sonraí a shásamh.

- 1.44 Tríd is tríd, ní áirítear aonaid tomhais stoc ná sreafaí nach bhfuil inbhreathnaithe go héasca i dtéarmaí airgeadaíochta (nó nach bhfuil contrapháirt airgeadaíochta shoiléir acu) sa chreat lárnach. I ngeall ar a nádúr, féadtar anailís mhaith a dhéanamh ar a leithéidí de stoic agus de shreafaí freisin trí staidreamh a thiomnú i dtéarmaí neamhairgeadaíochta, e.g.:
- (a) is féidir táirgeadh laistigh de theaghlaigh a thuairisciú i dtéarmaí uaireanta an chloig a leithdháiltear ar na húsáidí éagsúla;
 - (b) is féidir oideachas a thuairisciú i dtéarmaí cineáil oideachais, líon na ndaltaí, meánlíon na mblianta oideachais roimh dhioplóma a fháil, etc.;
 - (c) is fearr iarmhairtí an truaillithe a thuairisciú i dtéarmaí athruithe ar líon na speiceas atá beo, folláine na gcrann sna foraoisí, an méid bruscair, an méid aonocsaíde carbóin agus radaíochta, etc.
- 1.45 Trí chuntais satailíte is féidir an staidreamh sin in aonaid neamhairgeadaíochta a nascadh le creat lárnach na gcuntas náisiúnta. Trí na haicmithe arna n-úsáid sa chreat lárnach a úsáid do staidreamh neamhairgeadaíochta den sórt sin, is féidir an nasc a dhéanamh e.g. aicmiú de réir cineáil teaghlach nó aicmiú de réir tionscail. Ar an gcuma sin, tarraingítear suas creat fadaithe comhsheasmhach. Is féidir an creat sin a úsáid mar bhunachar sonraí le haghaidh anailíse agus meastóireachta ar idirghníomhaíochtaí idir na hathróra sa chreat lárnach agus na hathróra sa chuid fhadaithe.
- 1.46 Ní thuairiscítear na hathruithe ar leas sa chreat lárnach ná i bpríomh-chomhiomlán an chreata. Is féidir cuntais fhadaithe a tharraingt suas lena n-áirítear luachanna airgeadaíochta barúlacha i dtaca leis an méid seo a leanas:
- (a) seirbhísí tí agus seirbhísí pearsanta arna dtáirgeadh agus arna dtomhailt laistigh den teaghlach céanna;
 - (b) athruithe ar am fóillíochta;
 - (c) taitneamhachtaí agus míbhuntáistí an tsaoil uirbhig;
 - (d) éagothromais maidir le hioncam a dháileadh ar dhaoine.
- 1.47 Féadtar an caiteachas críochnaitheach ar riachtanais mhíthaitneamhacha (e.g. cosaint) a athaicmiú sna cuntais fhadaithe mar thomhaltas idirmheánach, i.e. caiteachas nach rannchuidíonn le leas. Ar an gcuma chéanna, féadtar an damáiste a thig ó thuillte agus ó thubaistí nádúrtha eile a aicmiú mar thomhaltas idirmheánach, i.e. mar laghdú ar (dhearbh)leas. Ar an gcuma sin, d'fhéadfaí táscaire an-gharbh, an-neamhfhoirfe ar athruithe ar leas a cheapadh. Mar sin féin, tá go leor gnéithe a bhaineann le leas, agus is fearr gan an chuid is mó díobh a lua i dtéarmaí airgeadaíochta. Dá bhrí sin, is réiteach níos fearr é chun leas a thomhas, táscairí agus aonaid tomhais ar leith a úsáid le haghaidh gach gné. Ar na táscairí sin tá, mar shampla, mortláocht naíonán, ionchas saoil, litearthacht aosach agus ioncam náisiúnta in aghaidh an duine. D'fhéadfaí na táscairí sin a chorprú i gcuntas satailíte.
- 1.48 D'fhonn creat comhsheasmhach atá comhoiriúnach ar leibhéal idirnáisiúnta a fháil, ní úsáidtear coincheapa riaracháin in CCE. Mar sin féin, chun críoch náisiúnta de gach saghas, d'fhéadfadh sé a bheith an-úsáideach figiúirí atá bunaithe ar choincheapa riaracháin a fháil. Mar shampla, chun meastachán a dhéanamh ar ioncam ó chánacha éilítear staidreamh maidir le hioncam inchánach. Is féidir an staidreamh sin a sholáthar trí roinnt modhnuithe a dhéanamh ar staidreamh na gcuntas náisiúnta.
- 1.49 D'fhéadfaí cur chuige cosúil a ghlacadh le haghaidh coincheap áirithe a úsáidtear sa bheartas eacnamaíoch náisiúnta, e.g. sna cásanna seo a leanas:
- (a) coincheap an bhoiscithe a úsáidtear chun pinsin, sochair dífhostaíochta nó cúiteamh d'fhostaithe a mhéadú do státseirbhísigh;
 - (b) coincheap na gcánach, coincheap na ranníocaíochtaí sóisialta, coincheap an rialtais agus coincheap na hearnála comhchoitinne a úsáidtear agus plé á dhéanamh ar mhéid bharrmhaith na hearnála comhchoitinne;
 - (c) coincheap na n-earnálacha/na dtionscal "straitéiseach(a)" a úsáidtear i mbeartas eacnamaíoch náisiúnta nó i mbeartas eacnamaíoch an AE;
 - (d) coincheap "infheistíochtaí gnó" a úsáidtear i mbeartas eacnamaíoch náisiúnta;
 - (e) tábla ina léirítear taifeadadh iomlán pinsean.

Is féidir na riachtanais sonraí sin a shásamh le cuntais satailíte nó le táblaí forlíontacha.

CCE 2010 agus CCN 2008

1.50 Tá CCE 2010 bunaithe ar choincheapa CCN 2008, lena soláthraítear treoirlínte maidir le cuntasáíocht náisiúnta le haghaidh na dtíortha uile ar fud an domhain. Mar sin féin, tá roinnt difríochtaí idir CCE 2010 agus CCN 2008:

(a) difríochtaí tíolactha:

- (1) tá caibidlí ar leith in CCE 2010 maidir le hidirbhearta táirgí, le hidirbhearta dáileacháin agus le hidirbhearta airgeadais. I gcodarsnacht leis seo, mínítear na hidirbhearta sin i CCN 2008 i gcaibidlí atá leagtha amach de réir cuntais, e.g. caibidlí maidir leis an gcuntas táirgeachta, leis an gcuntas leithdháilte phríomha ioncaim, leis an gcuntas caipitil agus le cuntas na coda eile den domhan;
- (2) tuairiscítear gach coincheap in CCE 2010 trí shainmhíniú a thabhairt orthu agus tríd an méid a áirítear agus a eisiatar a liostú. Tuairiscítear na coincheapa de ghnáth i CCN 2008 i dtéarmaí níos ginearálta agus mínítear an réasúnaíocht atá leis na gnásanna a ghlactar;

(b) tá na coincheapa in CCE 2010 níos sonraí agus níos beaichte i roinnt áiteanna ná na coincheapa i CCN 2008:

- (1) ní fhaightear critéir shonracha i CCECCN 2008 ar an idirdhealú idir na catagóirí aschuir seo a leanas: aschur margaidh, aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse agus aschur neamh-mhargaidh. In CCE, mar sin, táthar tar éis treoir níos mionsonraithe a thabhairt isteach chun cur chuige aonfhoirmeach a áirithiú;
- (2) glactar leis in CCE 2010 nach bhfuil cineálacha áirithe táirgthe earraí a dhéantar i dteaghlaigh, amhail fíodóireacht éadaí agus déantús troscán, tábhachtach sna Ballstáit agus nach gá iad a thaifeadadh dá bharr;
- (3) tagraítear in CCE 2010 do shocruithe institiúideacha san AE, amhail córas Intrastat lena dtaifeadtar sreafaí earraí laistigh den AE agus ranníocaíochtaí ó na Ballstáit leis an AE;
- (4) tá aicmithe sonracha ó thaobh an AE de in CCE 2010, e.g. Aicmiú táirgí de réir gníomhaíochta (CPA) ⁽¹⁾ do tháirgí agus NACE Rev. 2 do thionscail (tá an dá cheann comhchuibhithe le haicmithe na Náisiún Aontaithe);
- (5) tá aicmiú breise in CCE 2010 le haghaidh na n-idirbheart seachtrach go léir: roinntear iad idir na hidirbhearta idir cónaithigh an AE agus na hidirbhearta le cónaithigh lasmuigh den AE;
- (6) in CCE 2010, tá athshocrú déanta ar fho-earnálacha CCN 2008 i gcás earnáil na gcomparáidí airgeadais, chun riachtanais an Aontais Airgeadaíochta Eorpaigh a chomhlíonadh. Is féidir le CCE 2010 bheith níos sonraí ná CCN 2008 toisc go mbaineann CCE 2010 go príomha leis na Ballstáit. Ba cheart go mbeadh CCE níos sonraí freisin maidir le riachtanais sonraí an Aontais.

CCE 2010 AGUS CCE 95

1.51 Tá CCE 2010 difriúil le CCE 95 ó thaobh raon feidhme de agus ó thaobh coincheap de chomh maith. Freagraíonn formhór na ndifríochtaí do dhifríochtaí idir CCN 1993 agus CCN 2008. Is iad na príomhdifríochtaí:

- (a) taighde agus forbairt a aithint mar fhoirmiú caipitil as a dtig sócmhainní maoine intleachtúla. Taifeadfar an t-athrú sin i gcuntas satailíte, agus áireofar é sna bunchuntais nuair a bheidh stóinseacht agus comhchuibheas leordhóthanach inbhreathnaithe sna haonaid tomhais i measc Bhallstáit an AE;
- (b) tá caiteachas ar chórais armán a chomhlíonann an sainmhíniú ginearálta ar shócmhainní aicmithe mar fhoirmiú caipitil sheasta, seachas mar chaiteachas idirmheánach;
- (c) táthar tar éis coincheap anailíseach na seirbhísí caipitil a thabhairt isteach do tháirgeadh chun críoch margaidh, ionas gur féidir tábla forlíontach a sholáthar ina léireofar iad mar chomhpháirt breisluacha;
- (d) táthar tar éis teorainn na sócmhainní airgeadais a leathnú chun cuimsiú níos leithne chonarthaí na ndíorthach airgeadais a áireamh;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena mbunaítear aicmiú nua staidrimh ar tháirge de réir gníomhaíochta (CPA) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 65).

- (e) rialacha nua maidir le teidlíochtaí pinsean a thairfeadh. Táthar tar éis tábla forlíontach a thabhairt isteach sna cuntais, ionas gur féidir meastacháin a thairfeadh i gcás na dteidlíochtaí uile san árachas sóisialta, bídis cistithe nó ná bíodh. Tugtar an réimse iomlán faisnéise is gá le haghaidh anailíse cuimsithí sa tábla seo ina léirítear na teidlíochtaí agus na sreafaí gaolmhara do na scéimeanna pinsin príobháideacha agus poiblí go léir, bídis cistithe nó ná bíodh, agus lena n-áirítear scéimeanna slándála sóisialta pinsin;
 - (f) táthar tar éis cur i bhfeidhm na rialacha maidir le hathrú úinéireachta earraí a dhéanamh uilíoch, rud as a dtig athruithe ar thairfeadh trádála ceannaíochta, agus ar earraí a chuirtear ar aghaidh lena bpróiseáil, chuig an gcoigríoch agus sa gheilleagar intíre araon. Is é an toradh air sin gur i bhfoirm ghlan a thairfeadtar earraí a chuirtear chuig an gcoigríoch lena bpróiseáil, i gcodarsnacht le foirm chomhlán mar a bhí i CCN 1993 agus in CCE 95. Tá impleachtaí suntasacha ag an athrú sin maidir leis na gníomhaíochtaí sin a thairfeadh sa chreat soláthair agus úsáide;
 - (g) tugtar treoir bhreise maidir le corparáidí airgeadais i gcoitinne, agus maidir le heintitis shainchuspóireacha (ESCanna) go háirithe. Athraíodh láimhseáil ESCanna faoi rialú an rialtais chun a áirithiú go dtaispeánfar dliteanas arna dtabhú ag na ESCanna i gcuntais an rialtais;
 - (h) tá soiléiriú déanta ar láimhseáil sárdfhíbhinní arna n-íoc ag corparáidí poiblí, i.e. ní foláir iad a láimhseáil mar íocaíochtaí agus aistarraingtí eisceachtúla ó chothromas;
 - (i) leagtar amach na prionsabail maidir le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a láimhseáil, agus tá síneadh curtha le láimhseáil gníomhaireachtaí athstruchtúraithe;
 - (j) táthar tar éis soiléiriú a dhéanamh ar idirbhearta idir corparáidí rialtais agus corparáidí poiblí, agus le meáin urrúisithe, chun feabhas a chur ar thairfeadh ítimí a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh d'fhiachas rialtais;
 - (k) táthar tar éis láimhseáil ráthaíochtaí iasachta a shoiléiriú, agus láimhseáil nua a thabhairt isteach le haghaidh ráthaíochtaí iasachta caighdeánaithe, amháil ráthaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin agus ráthaíochtaí iasachta do mhic léinn. Leis an láimhseáil nua, fad agus gur dóchúil go nglaofar na ráthaíochtaí, ní foláir sócmhainn airgeadais agus dliteanas airgeadais a aithint sna cuntais.
- 1.52 Níl na hathruithe in CCE 2010 i gcóimheas le CCE 95 teoranta d'athruithe coincheapúla amháin. Tá difríochtaí móra sa raon feidhme, agus caibidlí nua ann ar na cuntais satailíte, ar chuntais an rialtais agus ar chuntais na coda eile den domhan. Tá síneadh suntasach curtha freisin leis na caibidlí ar na cuntais ráithiúla agus ar na cuntais réigiúnacha.

BUNPHRIONSABAIL CCE 2010 MAR CHÓRAS

1.53 Is iad príomhghnéithe an chórais:

- (a) aonaid staidrimh agus a ngrúpálacha;
- (b) sreafaí agus stoic;
- (c) córas na gcuntas agus na comhiomláin;
- (d) an creat ionchuir-aschuir.

Aonaid staidrimh agus a ngrúpálacha

- 1.54 Úsáidtear dhá chineál aonaid agus dhá bhealach chomhfhreagracha chun an geilleagar a fhoroinnt i gcóras CCE 2010, bealaí atá difriúil go maith le chéile agus a fhónann do dhá chuspóir dhifriúla.
- 1.55 Maidir leis an gcéad chuspóir ioncam, caiteachas agus sreafaí airgeadais agus cláir chomhardaithe a thuairisciú, comhlíontar é trí na haonaid institiúideacha a ghrúpáil in earnálacha de réir a bpríomhfheidhmeanna, a n-iompraíochta agus a gcuspóirí.
- 1.56 Maidir leis an dara cuspóir a bhaineann le próisis táirgthe a thuairisciú agus le haghaidh anailíse ionchuir-aschuir, comhlíontar é trí na haonaid phríomhghníomhaíochta áitiúla (APGanna áitiúla) a ghrúpáil i dtionscail de réir a gcineál ghníomhaíochta. Is iad príomhghnéithe gníomhaíochta: ionchur táirgí, próiseas táirgthe agus aschur táirgí.

Aonaid institiúideacha agus earnálacha institiúideacha

1.57 Is eintitis eacnamaíocha iad na heintitis institiúideacha ar féidir leo úinéireacht a fháil ar earraí agus ar shócmhainní, dliteanais a thabhtú, agus dul i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus idirbheart eacnamaíoch le haonaid eile as a gceart féin. Chun críocha chóras CCE 2010, déantar na haonaid institiúideacha a ghrúpáil i gcúig earnáil institiúideacha intíre chomheisiatacha:

- (a) corparáidí neamhairgeadais;
- (b) corparáidí airgeadais;
- (c) an rialtas ginearálta;
- (d) teaghlaigh;
- (e) institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh.

Tá an geilleagar intíre iomlán comhdhéanta as an gcúig earnáil seo le chéile. Foroinntear gach earnáil freisin i bhfo-earnálacha. Leis an gcóras CCE 2010, is féidir sraith iomlán cuntas sreafaí agus clár comhardaithe a thiomnú do gach earnáil, agus do gach fo-earnáil, agus don gheilleagar iomlán. Is féidir le haonaid neamhchónaitheacha idirghníomhú leis na cúig earnáil intíre seo, agus léirítear na hidirghníomhaíochtaí idir na cúig hearnálacha intíre agus séú hearnáil institiúideach: earnáil na coda eile den domhan.

APGanna áitiúla agus tionscail

1.58 Nuair a dhéanann aonaid institiúideacha níos mó ná gníomhaíocht amháin, déantar iad a dheighilt de réir an chineáil ghníomhaíochta. Is féidir an méid sin a bhaint amach ag úsáid APGanna áitiúla.

Comhthiomsaítear le hAPG áitiúil na codanna go léir d'aonad institiúideach ina cháil mar tháirgeoir atá suite i suíomh ar leith nó i suíomhanna gar dá chéile, agus a chuidíonn le feidhmíocht gníomhaíochta ar bith ar leibhéal aicme (ceithre dhigit) de chuid Nace Rev. 2.

1.59 Déantar APGanna áitiúla a chlárú do gach gníomhaíocht thánaisteach; mar sin féin, mura bhfuil na doiciméid chuntasaíochta a bhfuil gá leo chun a leithéid de ghníomhaíochtaí a thuairisciú ar bhonn leithleach ar fáil, déanfar le hAPG áitiúil roinnt gníomhaíochtaí thánaisteacha a chomhcheangal. Tugtar tionscal ar ghrúpa de na APGanna áitiúla uile atá ag gabháil don phríomhghníomhaíocht chéanna nó do phríomhghníomhaíochtaí cosúla.

Cuimsíonn aonad institiúideach APG áitiúil amháin nó níos mó; is le haon aonad institiúideach amháin, agus leis sin amháin a bhaineann APG áitiúil.

1.60 Chun anailís a dhéanamh ar an bpróiseas táirgthe, baintear úsáid as aonad táirgthe anailíseach. Níl an t-aonad sin inbhreathnaithe ach amháin nuair a tháirgeann APG áitiúil cineál amháin táirge, gan aon ghníomhaíochtaí thánaisteacha. Aonad táirgthe aonchineálach a thugtar ar an aonad sin. Is ionann grúpálacha aonad den sórt sin agus brainsí aonchineálacha.

Aonaid chónaitheacha agus neamhchónaitheacha; geilleagar iomlán agus an chuid eile den domhan

1.61 Sainmhínítear an geilleagar iomlán i dtéarmaí aonad cónaitheach. Is ionann aonad agus aonad cónaitheach tíre nuair atá lárionad eacnamaíoch príomhleasa ar chríoch eacnamaíoch na tíre sin eadhon, nuair a bhíonn sé i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar feadh tréimhse fadaithe (bliain amháin nó níos mó) sa chríoch sin. Is grúpaí d'aonaid institiúideacha chónaitheacha iad na hearnálacha institiúideacha i mír 1.57.

1.62 Téann aonaid chónaitheacha i mbun idirbheart le haonaid neamhchónaitheacha (eadhon, aonaid atá cónaitheach i ngeilleagair eile). Is idirbhearta seachtracha an gheilleagair iad na hidirbhearta seo agus grúpáiltear i gcuntas na coda eile den domhan iad. Dá bhrí sin, tá ról cosúil le ról earnála institiúidí ag an gcuid eile den domhan, cé nach n-áirítear aonaid neamhchónaitheacha ach a mhéid is a bhíonn siad i mbun idirbheart le haonaid institiúideacha chónaitheacha.

1.63 Déantar aonaid chónaitheacha bharúlacha, a láimhseáiltear in CCE 2010 mar aonaid institiúideacha sa chóras, a shainmhíniú mar seo a leanas:

- (a) na codanna sin d'aonaid neamhchónaitheacha a bhfuil lárionad eacnamaíoch príomhleasa acu (is é sin le rá, i bhformhór na gcásanna a bhíonn i mbun idirbheart eacnamaíoch ar feadh bliana nó níos mó) i gcríoch eacnamaíoch na tíre;
- (b) aonaid neamhchónaitheacha ina gcáil mar úinéirí talún nó úinéirí foirgneamh ar chríoch eacnamaíoch na tíre, i ndáil le hidirbhearta a bhfuil tionchar acu ar an talamh sin nó ar na foirgnimh sin amháin.

Sreafaí agus stoic

1.64 Taifeadtar dhá chineál bhunúsacha faisnéise: sreafaí agus stoic.

Tagraíonn sreafaí do ghníomhaíochtaí agus d'éifeachtaí teagmhas a tharlaíonn laistigh de thréimhse áirithe, agus tagraíonn stoic do shuíomhanna ag tráth áirithe.

Sreafaí

1.65 Léiríonn na sreafaí cruthú, claochlú, malairt, aistriú nó múchadh an luacha eacnamaíoch. Baineann siad le hathruithe ar luach sócmhainní nó ar luach dliteanas aonaid institiúidigh. Tá dhá chineál sreafa eacnamaíoch ann: idirbhearta agus athruithe eile ar na sócmhainní.

Tá idirbhearta le feiceáil sna cuntais agus sna táblaí go léir ina bhfuil sreafaí, cé is moite den chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus den chuntas athluachála. Is sa dá chuntas sin amháin a thaifeadtar athruithe eile ar shócmhainní.

Grúpáiltear idirbhearta bunúsacha agus sreafaí eile i líon beag cineálacha de réir a nádúir.

Idirbhearta

1.66 Is éard is idirbheart ann sreabhadh eacnamaíoch arb ionann é agus idirghníomhaíocht idir aonaid institiúideacha trí chomhaontú frithpháirteach nó trí ghníomhaíocht laistigh d'aonad institiúideach ar úsáideach é a láimhseáil mar idirbheart, mar gur minic a bhíonn an t-aonad ag oibriú in dhá cháil éagsúla. Déantar idirbhearta a dheighilt i gceithre phríomhghrúpa:

- (a) idirbhearta táirgí: lena dtuairiscítear tionscnamh (aschur intíre nó allmhairí) agus úsáid (tomhaltas idirmheánach, tomhaltas críochnaitheach, foirmiú caipitil — lena gcumhdaítear idiú caipitil sheasta — nó onnmhairí) táirgí;
- (b) idirbhearta dáileacháin: lena dtuairiscítear an chaoi ina ndáiltear an breisluach a ghintear trí tháirgeadh ar shaothar, ar chaipiteal agus ar rialtas, agus an t-athdháileadh ioncaim agus rachmais (cánacha ar ioncam agus ar rachmas agus aistrithe eile);
- (c) idirbhearta airgeadais: lena dtuairiscítear glanadálacha sócmhainní airgeadais nó glantabhú dliteanas le haghaidh gach cineáil ionstraime airgeadais. Tarlaíonn a leithéidí d'idirbhearta i bhfoirm contrapháirteanna d'idirbhearta neamhairgeadais, agus freisin i bhfoirm idirbhearta a bhaineann le hionstraimí airgeadais amháin;
- (d) idirbhearta nach n-áirítear sna trí ghrúpa thuas: éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais.

Airíonna na n-idirbheart

Comparáid idir idirghníomhaíochtaí agus idirbhearta laistigh d'aonad

- 1.67 Is idirghníomhaíochtaí idir dhá aonad nó níos mó iad formhór na n-idirbheart. Mar sin féin, déantar roinnt gníomhaíochtaí laistigh d'aonaid institiúideacha i gcóras CCE 2010 a thaifeadadh mar idirbhearta. Is é is aidhm do thaifeadadh na n-idirbheart sin laistigh d'aonad léargas níos úsáidí ó thaobh anailíse de a thabhairt ar aschur, ar úsáidí críochnaitheacha agus ar na costais.
- 1.68 Is idirbheart laistigh d'aonad é idiú an chaipitil sheasta, a thaifeadtar i gcóras CCE 2010 mar chostas. Is idirbhearta táirgí iad formhór na n-idirbheart eile laistigh d'aonad, a thaifeadtar de ghnáth nuair a roghnaíonn aonaid institiúideacha a oibríonn mar tháirgeoirí agus mar thomhaltóirí deiridh araon, cuid den aschur a tháirg siad féin a thomhailt. Is amhlaidh a bhíonn go minic i gcás na dteaghlach agus an rialtais ghinearálta.
- 1.69 Thaifeadtar an t-aschur féintáirgthe go léir arna úsáid chun críche úsáide críochnaithe laistigh den aonad institiúideach céanna. Ní thaifeadtar aschur féintáirgthe arna úsáid chun críche tomhaltais idirmheánaigh laistigh den aonad institiúideach céanna ach amháin nuair a tharlaíonn an táirgeadh agus an tomhaltas idirmheánach in APGanna difriúla áitiúla laistigh den aonad institiúideach céanna. Ní thaifeadtar an t-aschur a tháirgtear agus a úsáidtear le haghaidh tomhaltais idirmheánaigh laistigh den APG áitiúil céanna.

Comparáid idir idirbhearta airgeadaíochta agus idirbhearta neamhairgeadaíochta

- 1.70 Is idirbhearta airgeadaíochta na hidirbhearta nuair a dhéanann na haonaid lena mbaineann siad íocaíochtaí nó má fhaigheann siad íocaíochtaí, nó má thabhaíonn siad dliteanas nó má fhaigheann siad sócmhainní atá ainmnithe in aonaid airgeadra.

Is idirbhearta neamhairgeadaíochta iad na h-idirbhearta nach mbaineann malairt airgid leo, ná malairt sócmhainní nó dliteanas atá ainmnithe in aonaid airgeadra. Is idirbhearta neamhairgeadaíochta iad na hidirbhearta laistigh d'aonad. Tarlaíonn idirbhearta neamhairgeadaíochta a bhaineann le níos mó ná aonad institiúideach amháin i measc idirbheart táirgí (malartú táirgí), idirbheart dáileacháin (luach saothair comhchineáil, aistrihe comhchineáil, etc.) agus idirbheart eile (malartú sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais). Taifeadtar na hidirbhearta go léir i gcóras CCE 2010 i dtéarmaí airgeadaíochta. Ní foláir, mar sin, na luachanna a thaifeadtar le haghaidh idirbheart neamhairgeadaíochta a thomhas go hindíreach nó meastachán a dhéanamh orthu ar bhealach eile.

Comparáid idir idirbhearta le contraphárteanna agus idirbhearta gan chontraphárteanna

- 1.71 Tá dhá chineál idirbhirt ann a bhaineann le níos mó ná aonad amháin. D'fhéadfadh "rud éigin a bheith á thabhairt i gcomaoin ruda éigin", i.e. idirbhearta cúitithe, nó "rud éigin a bheith á thabhairt i gcomaoin tada" i.e. idirbhearta neamhchúitithe. Is éard atá in idirbhearta cúitithe malairtí idir aonaid institiúideacha, i.e. soláthar earraí, seirbhísí nó sócmhainní i gcomaoin contraphárte, e.g. airgead. Is éard atá sna hidirbhearta neamhchúitithe, íocaíochtaí in airgead nó íocaíochtaí comhchineáil ó aonad institiúideach amháin le haonad eile, gan contrapháirt a bheith i gceist. Tarlaíonn idirbhearta cúitithe i ngach ceann de na ceithre ghrúpa idirbhirt, agus is idirbhearta dáileacháin, den chuid is mó, iad na hidirbhearta neamhchúitithe, mar shampla, cánacha, sochair chúinimh shóisialta nó tabhartais. Tugtar aistrihe ar na hidirbhearta neamhchúitithe sin.

Idirbhearta athchóirithe

- 1.72 Taifeadtar na hidirbhearta ar an gcuma chéanna agus a fheiceann na haonaid institiúideacha lena mbaineann iad. Mar sin féin, déantar athchóiriú ar idirbhearta áirithe chun aird níos mó a dhíriú ar na gaolmhaireachtaí eacnamaíocha atá mar bhun leo. Is féidir idirbhearta a athchóiriú ar thrí bhealach: trí athródú, trí dheighilt agus tríd an bpríomhpháirtí in idirbheart a aithint.

Athródú

- 1.73 Is féidir idirbheart, ar léir do na haonaid lena mbaineann go bhfuil sé ag tarlú go díreach idir aonad A agus aonad C, a thaifeadadh sna cuntais mar idirbheart atá ag tarlú go hindíreach tríd an tríú haonad, aonad B. Ar an mbealach sin, taifeadtar an t-idirbheart aonair idir A agus C mar dhá idirbheart: idirbheart amháin idir A agus B, agus idirbheart amháin idir B agus C. Is é a tharlaíonn sa chás sin go ndéantar an t-idirbheart a athródú.
- 1.74 Is sampla den athródú seo é an chaoi ina ndéantar ranníocaíochtaí sóisialta na bhfostóirí arna n-íoc go díreach ag fostóirí leis na cistí árachais shóisialta a thaifeadtar sna cuntais. Taifeadtar na híocaíochtaí sin mar dhá idirbheart sa chóras: íocann na fostóirí ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí lena bhfostaithe, agus íocann na fostaithe na ranníocaíochtaí céanna isteach i gcistí árachais shóisialta. Mar a tharlaíonn le gach athródú, is é an cuspóir aird a dhíriú ar an tsubstaint eacnamaíoch atá mar bhun leis an idirbheart, eadhon sa chás seo ranníocaíochtaí sóisialta na bhfostóirí a thaispeáint mar ranníocaíochtaí a íoctar chun leasa na bhfostaithe.
- 1.75 Is cineál eile athródaithe é idirbhearta a thaifeadadh mar idirbhearta a tharlaíonn idir dhá aonad institiúideacha nó níos mó, bíodh is nach dtarlaíonn idirbheart ar bith de réir na bpáirtithe lena mbaineann. Sampla de sin is ea an chaoi a láimhseáiltear ioncam ó mhaoín arna thuilleamh ar chistí árachais áirithe, agus a choimeádann gnóthais árachais. Taifeadtar an t-ioncam ó mhaoín seo sa chóras mar ioncam a íocann gnóthais árachais le sealbhóirí polasaithe, a íocann an tsuim chéanna ar ais ansin leis na gnóthais árachais i bhfoirm forlíontaí préimhe.

Deighilt

- 1.76 I gcás idirbhirt ar léir do na páirtithe lena mbaineann gur idirbheart aonair atá ann, ach a thaifeadtar mar dhá idirbheart nó níos mó atá aicmithe ar bhealaí difriúla, deirtear go ndéantar an t-idirbheart a dheighilt. Ní chiallaíonn deighilt go mbíonn aonaid bhreise i gceist sna hidirbhearta.
- 1.77 Is idirbheart deighilte coitianta í íocaíocht préimheanna árachais neamhshaoil. Cé go bhféachann sealbhóirí polasaithe agus árachóirí ar na híocaíochtaí sin mar idirbheart amháin, foroinntear iad in dhá idirbheart atá an-difriúil le chéile i gcóras CCE 2010: íocaíochtaí i gcomaoin seirbhísí árachais neamhshaoil arna soláthar, agus íocaíochtaí i gcomaoin glanphréimheanna árachais neamhshaoil. Sampla eile de dheighilt is ea díol táirge a thaifeadadh mar dhíol an táirge agus mar dhíol corrlach trádála.

An príomhpháirtí in idirbheart a aithint

- 1.78 Nuair a dhéanann aonad idirbheart thar ceann aonaid eile (an príomhpháirtí) agus gurb é an t-aonad sin a mhaoíníonn an t-idirbheart, is i gcuntais an phríomhpháirtí amháin a dhéantar an t-idirbheart a thaifeadadh. De ghnáth, níor cheart dul níos faide ná an príonsabal sin agus níor cheart iarracht a dhéanamh, mar shampla, cánacha nó fóirdheontais a leithdháileadh ar íocóirí deiridh nó ar thairbhíthe deiridh ar bhonn toimhdí sonracha.

Sampla is ea cánacha á mbailiú ag aonad rialtais amháin thar ceann aonaid rialtais eile. Cuirtear cáin i leith an rialtais sin a fheidhmiú an t-údarás chun cáin a fhorchur (mar phríomhpháirtí nó trí údarás tarmáigthe an phríomhpháirtí) agus a bhfuil lánrogha chríochnaitheach aige ráta na cánach a shocrú agus a athrú.

Cásanna idir eatarthu

- 1.79 De réir an tsainmhíneithe ar idirbheart, tá sé intuigthe go ndéantar idirghníomhaíocht idir aonaid institiúideacha trí chomhaontú frithpháirteach. Nuair a dhéantar idirbheart trí chomhaontú frithpháirteach, is intuigthe réamheolas agus toiliú na n-aonaid institiúideach. Is trí chomhaontú frithpháirteach a íoctar cánacha, fíneálacha agus pionóis ós rud é gur saoránach atá faoi réir dhlí na tíre é an t-íocóir. Mar sin féin, ní fhéachtar ar urghabháil neamhchúitithe sócmhainní mar idirbheart, fiú má fhorchuirtear í de réir an dlí.

Ba cheart gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhdhleathacha a láimhseáil mar idirbhearta nuair a théann na haonaid ar fad lena mbaineann i mbun na ngníomhaíochtaí trí chomhaontú frithpháirteach. Dá bharr sin, is idirbhearta iad drugaí neamhdhleathacha nó maoin ghoidte a cheannach, a dhíol nó a mhaltú, cé nach idirbheart é í an ghoid.

Athruithe eile ar shócmhainní

- 1.80 In athruithe eile ar shócmhainní taifeadtar athruithe nach dtig as idirbhearta. Is éard atá iontu:

- (a) athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas; nó
- (b) gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais.

Athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas

- 1.81 Tá na hathruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas roinnte i dtrí phríomhchatagóir:

- (a) gnáth-thaispeánadh agus gnáthimeacht sócmhainní seachas trí idirbhearta;
- (b) athruithe ar shócmhainní agus ar dhliteanais i ngeall ar theagmhais eisceachtúla gan choinne nach de chineál eacnamaíoch iad;
- (c) athruithe ar aicmiú agus ar struchtúr.

- 1.82 Ar shamplaí d'athruithe a thig faoi réim na catagóire dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1.81 tá aimsiú nó ídiú sócmhainní fo-ithreach, agus fás nádúrtha acmhainní bitheolaíochta neamhshaothraithe. I measc samplaí d'athruithe a thig faoi réim na catagóire dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1.81 tá cailteanais sócmhainní i ngeall ar thubaistí nádúrtha, ar chogadh nó ar ghníomhaíochtaí coiriúla tromchúiseacha. Baineann cealú aontaobhach fiachais agus urghabháil neamhchúitithe sócmhainní le catagóir (b) chomh maith. Sampla a thig faoi réim na catagóire dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1.81 is ea athaicmiú aonaid institiúidigh ó earnáil amháin go hearnáil eile.

Gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais

- 1.83 Tarlaíonn gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais nuair a thagann athruithe ar phraghsanna sócmhainní. Tarlaíonn siad i gcás gach cineáil sócmhainne airgeadais agus sócmhainne neamhairgeadais, agus i gcás dliteanas. Fabhraíonn gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais ar úinéirí sócmhainní agus ar úinéirí dliteanas díreach mar thoradh ar shócmhainní nó ar dhliteanais a shealbhu le himeacht aimsire, gan iad a chlaohlú ar aon slí.
- 1.84 Tugtar gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais ar ghnóthachain sealúchais agus ar chaillteanais sealúchais a thomhastar ar bhonn phraghsanna reatha an mhargaidh. Is féidir iad sin a mhiondealú i ngnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais, lena léirítear athruithe ar leibhéal ginearálta praghsanna, agus i ngnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais, lena léirítear athruithe ar phraghsanna sócmhainní seachas an t-athrú ginearálta ar phraghsanna.

Stoic

- 1.85 Is éard atá i stoic sealúchais sócmhainní agus sealúchais dliteanas ag tráth áirithe. Taifeadtar stoic ag tús agus ag deireadh gach tréimhse cuntasáíochta. Tugtar cláir chomhardaithe ar na cuntais ina dtaispeántar stoic.
- 1.86 Taifeadtar na stoic i gcás daonna agus i gcás na fostaíochta chomh maith. Mar sin féin, taifeadtar na stoic seo mar mheánluachanna thar an tréimhse chuntasáíochta. Taifeadtar na stoic i gcás na sócmhainní go léir laistigh de theorainneacha an chórais; i.e. is é sin le rá sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais agus sócmhainní neamhairgeadais táirgthe agus neamhtháirgthe araon. Mar sin féin, ní chuimsítear ach na sócmhainní sin a úsáidtear i ngníomhaíocht eacnamaíoch agus atá faoi réir ceart úinéireachta.
- 1.87 Ar an gcaoi sin, ní thaifeadtar stoic i gcás sócmhainní amháil caipiteal daonna agus acmhainní nádúrtha mura bhfuil siad faoi úinéireacht.

Laistigh dá theorainneacha, is córas uileghabhálach é CCE 2010 maidir le sreafaí agus stoic araon. Tugann an méid sin le tuiscint gur féidir gach athrú ar na stoic a mhíniú go hiomlán trí shreafaí taifeadta.

Córas na gcuntas agus na comhiomláin

Rialacha cuntasaíochta

- 1.88 Is éard a thairfeadtar i gcuntas athruithe ar luach a fhabhraíonn ar aonad nó ar earnáil de réir chineál na sreafaí eacnamaíocha a léirítear sa chuntas. Is tábla é ina bhfuil dhá cholún. Is cuntais reatha iad na cuntais ina léirítear táirgeadh, ginúint agus leithdháileadh ioncaim, dáileadh agus athdháileadh ioncaim, agus a úsáid. Is cuntais charntha iad na cuntais chaipitil agus airgeadais, agus na cuntais athruithe eile ar an méid.

Téarmaíocht le haghaidh an dá thaobh de na cuntais

- 1.89 I gcóras CCE 2010, léirítear “acmhainní” ar thaobh deas na gcuntas reatha áit a mbíonn idirbhearta le feiceáil a chuireann le luach eacnamaíoch aonaid nó earnála. Ar thaobh clé na gcuntas léirítear “úsáidí” — idirbhearta a laghdaíonn luach eacnamaíoch. Léirítear “athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas” ar thaobh deas na gcuntas carntha agus léirítear “athruithe ar shócmhainní” ar an taobh clé. Cuirtear na clár chomhardaithe i láthair trí “dliteanais agus glanfhiúchas” (an difríocht idir sócmhainní agus dliteanais) a chur ar an taobh deas agus trí “sócmhainní” a chur ar an taobh clé. Nuair a chuirtear dhá chlár comhardaithe chomhleanúnacha i gcomparáid le chéile feictear na hathruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas agus na hathruithe ar shócmhainní.
- 1.90 Déantar idirdhealú in CCE idir úinéireacht dhlíthiúil agus úinéireacht eacnamaíoch. Is é an critéar maidir le haistriú earraí ó aonad amháin go haonad eile a thairfeadadh go dtéann an úinéireacht eacnamaíoch ar aghaidh ó aonad amháin go haonad eile. Is é an t-úinéir dlíthiúil an t-aonad atá i dteideal shochair na seilbhe, de réir dlí. Mar sin féin, is féidir le húinéir dlíthiúil conrú le haonad eile le go ngabhfaidh an t-aonad eile sin na rioscaí agus na sochair a bhaineann leis na hearraí a úsáid i dtáirgeadh, i gcomaoin íocaíochta comhaontaithe. Is léas airgeadais é an comhaontú sin, nuair nach léiríonn na híocaíochtaí ach amháin gur chuir soláthróir an tsócmhainn ar fáil don iasachtaí. Mar shampla, nuair atá eitleán faoi úinéireacht dhlíthiúil bainc, ach go ndéanann an banc léas airgeadais le haerlíne chun an t-eitleán a oibriú, glactar leis ansin gurb í an aerlíne úinéir an eitleáin fad is a bhaineann le hidirbhearta sna cuntais. Tráth a dtaispeántar go gceannaíonn an aerlíne an t-eitleán, tugann an banc iasacht bharúlach don aerlíne a léiríonn na suimeanna atá dlite sa todhchá as an eitleán a úsáid.

Iontráil dhúbailte/iontráil cheathrúil

- 1.91 I gcás aonaid nó earnála, bunaítear an chuntasaíocht náisiúnta ar phrionsabal na hiontrála dúbailte. Thairfeadtar gach idirbheart faoi dhó, uair amháin mar acmhainn (nó athrú ar dhliteanais) agus uair amháin mar úsáid (nó athrú ar shócmhainní). Ní foláir go mbeidh iomlán na n-idirbheart arna dtairfeadadh mar acmhainní nó mar athruithe ar dhliteanais agus iomlán na n-idirbheart arna dtairfeadadh mar úsáidí nó mar athruithe ar shócmhainní cothrom le chéile, rud a fhágann, ar an dóigh sin, gur féidir comhsheasmhacht na gcuntas a sheiceáil.
- 1.92 Tá na cuntais náisiúnta — lena n-áirítear na haonaid agus na hearnálacha go léir — bunaithe ar phrionsabal na hiontrála ceathrúla, ós rud é go mbaineann formhór na n-idirbheart le dhá aonad institiúideacha. Déanfaidh an bheirt oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann gach idirbheart den chineál sin a thairfeadadh faoi dhó. Mar shampla, déantar sochar sóisialta in airgead tirim arna íoc ag aonad rialtais le teaghlach a thairfeadadh i gcuntais an rialtais mar úsáid faoi aistrithe agus mar éadálacha diúltacha sócmhainní faoi airgeadra agus taiscí; thairfeadtar é i gcuntais earnáil na dteaghlach mar acmhainn faoi aistrithe agus mar éadálacha sócmhainní faoi airgeadra agus taiscí.
- 1.93 Maidir le hidirbhearta laistigh d'aonad amháin (amhail aschur á thomhailt ag an aonad céanna a tháirg é) ní éilítear ach dhá iontráil, ar gá meastachán a dhéanamh ar a luachanna.

Luacháil

- 1.94 Cé is moite de roinnt athróg a bhaineann le daonra agus le saothar, taispeántar na sreafaí agus na stoic go léir i dtéarmaí airgeadaíochta i gcóras CCE 2010. Tomhasfar sreafaí agus stoic de réir a luacha malairte, i.e. an luach ag a malartaítear sreafaí agus stoic ar airgead i ndáiríre nó ag a bhfhéadfaí iad a mhalartú. Dá réir sin, is iad praghsanna an mhargaidh an tagairt i ndáil le luacháil in CCE.
- 1.95 I gcás na n-idirbheart airgeadaíochta agus na sealúchas airgid agus na ndliteanas airgid, tá na luachanna is gá ar fáil go díreach. I bhformhór na gcásanna eile, is é an modh luachála is fearr tagairt a dhéanamh do phraghsanna an mhargaidh ar earraí, ar sheirbhísí nó ar shócmhainní den chineál céanna. Úsáidtear an modh sin le haghaidh e.g. malartú agus seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe. Nuair nach bhfuil aon phraghsanna margaidh ar tháirgí den chineál céanna ar fáil, mar shampla i gcás seirbhísí neamh-mhargaidh arna dtáirgeadh ag an rialtas, déantar luacháil trí chostais táirgthe a shuimeáil. Más rud é nach bhfuil aon phraghs margaidh ar fáil chun tagairt a dhéanamh dó, agus nach bhfuil costais ar fáil, féadfar sreafaí agus stoic a luacháil ag luach láithreach lascainithe na bhfálta a thuartar don todhchá. Ní úsáidfeadh an modh deireanach seo ach amháin mar rogha dheiridh.
- 1.96 Déantar stoic a luacháil ag na praghsanna atá reatha an tráth a mbaineann an clár comhardaithe leis, seachas an tráth a dtáirgtear na hearraí nó na sócmhainní atá in ionannas leis na stoic nó an tráth a bhfaightear iad mar éadál. Is gá na stoic a luacháil ag meastachán díluacháilte ar a luachanna éadála reatha nó ag a gcostais táirgthe.

Luachálacha speisialta maidir le táirgí

- 1.97 Mar thoradh ar chostais iompair, ar chorrailigh trádála agus ar chánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí, tá tuiscint dhifriúil ag an táirgeoir agus ag an úsáideoir ar luach táirge áirithe. D'fhonn cloí a mhéad is féidir le dearcadh na n-oibreoirí eacnamaíocha, taifeadtar gach úsáid i gcóras CCE 2010 ag praghsanna an cheannaitheora, lena n-áirítear costais iompair, corrlaigh trádála agus cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí, agus taifeadtar an t-aschur ag na bunphraghsanna, nuair nach n-áirítear na heilimintí sin.
- 1.98 Taifeadtar allmhairí táirgí agus onnmhairí táirgí ag luachanna teorannacha. Luacháiltear iomlán na n-allmhairí agus na n-onnmhairí ag teorainn chustaim an onnmhairteora, nó saor ar bord (SAB). Ní áirítear seirbhísí iompair agus seirbhísí árachais arna soláthar ag gnóthais eachtracha idir teorainn an onnmhairteora agus teorainn an allmhairteora i luach na n-earraí ach taifeadtar iad faoi sheirbhísí. Toisc go bhfhéadfadh sé nárbh fhéidir luachanna SAB a fháil le haghaidh miondealú mionsonraithe ar na táirgí, léirítear sna táblaí ina bhfuil mionsonraí maidir le trádáil eachtrach na hallmhairí a luacháiltear ag teorainn chustaim an allmhairteora (luach CAL (costas, árachas agus last-táille)). Áirítear na seirbhísí iompair agus na seirbhísí árachais go léir chomh fada le teorainn an allmhairteora i luach na n-earraí allmhairithe. A mhéid agus a bhaineann na seirbhísí sin le seirbhísí tí, déantar coigeartú foriomlán SAB/CAL sa tíolacadh sin.

Luacháil ag praghsanna tairiseacha

- 1.99 Is éard atá i gceist le luacháil ag praghsanna tairiseacha na sreafaí agus na stoic a luacháil i dtréimhse chunta-saíochta ag praghsanna tréimhse níos luaithe. Is é is aidhm don luacháil ag praghsanna tairiseacha athruithe le himeacht aimsire ar luachanna na sreafaí agus na stoc a mhiondealú in athruithe ar phraghas agus in athruithe ar an méid. Tuairiscítear sreafaí agus stoic ag praghsanna tairiseacha i dtéarmaí méideanna.
- 1.100 I gcás go leor sreafaí agus stoc, e.g. ioncam, níl toisí praghsais agus toisí cainníochta dá gcuid féin acu. Mar sin féin, is féidir cumhacht ceannaigh na n-athróg seo a fháil ach na luachanna reatha a dhíbhoilsciú le hinnéacs praghsanna oiriúnach, e.g. an t-innéacs praghsanna le haghaidh úsáidí críochnaitheacha náisiúnta, gan athruithe ar fhardail a áireamh. Tuairiscítear sreafaí agus stoic díbhoilscithe i dtéarmaí réadacha freisin. Sampla den mhéid sin is ea ioncam indiúscartha réadach.

Tráth taifeadta

- 1.101 Taifeadtar sreafaí ar bhonn fabhráithe; is é sin, nuair a dhéantar luach eacnamaíoch a chruthú, a chlaochlú nó a mhúchadh, nó nuair a thagann éilimh nó oibleagáidí chun cinn nó nuair a chlaochlaítear nó nuair a chealaítear iad.
- 1.102 Taifeadtar aschur tráth a tháirgthe seachas tráth a n-íocann an ceannaitheoir as. Taifeadtar díol sócmhainne nuair a aistrítear í ó úinéir amháin go húnéir eile, seachas tráth a ndéantar an íocaíocht chomhfhreagrach. Taifeadtar ús sa tréimhse chunta-saíochta ina bhfabhraíonn sé, is cuma más sa tréimhse sin a íoctar é nó nach ea. Tá feidhm ag an taifeadadh ar bhonn fabhráithe maidir leis na sreafaí go léir, sreafaí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta araon, agus sreafaí laistigh d'aonad chomh maith le sreafaí idir aonaid.
- 1.103 D'fhéadfadh gá a bheith leis an gcur chuige sin a mhaolú i gcás cánacha agus sreafaí eile a bhaineann leis an rialtas ginearálta, a thaifeadtar go minic ar bhonn airgid i gcuntais an rialtais. D'fhéadfadh sé a bheith deacair claochlú beacht a dhéanamh ar na sreafaí sin ó bhonn airgid go bonn fabhráithe, agus mar sin féadfar modh neastacháin a úsáid.
- 1.104 Mar eiseacht ó na rialacha ginearálta lena rialaítear taifeadadh cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta atá iníoctha leis an rialtas ginearálta, is féidir iad a thaifeadadh mar fhigiúr glan, gan an chuid nach dóchúil go mbaileofar í a áireamh nó, má áirítear an chuid sin, déantar í a neodrú sa tréimhse chunta-saíochta chéanna trí aistriú caipitil ón rialtas ginearálta go dtí na hearnálacha ábhartha.
- 1.105 Taifeadtar sreafaí ag an tráth céanna i gcás na n-aonad institiúideach go léir lena mbaineann agus sna cuntais go léir. Ní chuireann na haonaid institiúideacha na rialacha cunta-saíochta céanna i bhfeidhm i gcónaí. Fiú nuair a dhéanann siad, áfach, féadtar go dtarlaíonn difríochtaí sa taifeadadh iarbhrí ar chúiseanna praiticiúla, amhail moill ar an gcumarsáid. Dá bhrí sin, féadtar go dtairfeadfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann na hidirbhearta ag tráthanna difriúla. Déantar na neamhréireachtaí sin a dhíchur trí choigeartuithe a dhéanamh.

Comhdhlúthú agus glanluacháil*Comhdhlúthú*

- 1.106 Tagraíonn comhdhlúthú d'idirbhearta a tharlaíonn idir aonaid, i gcás ina ngrúpáiltear aonaid, a dhíchur ó na húsáidí agus ó na hacmhainní araon, agus do dhíchur sócmhainní airgeadais cómhálartacha agus dliteanas airgeadais cómhálartach. Tarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a chuirtear cuntais fho-earnálacha an rialtais ghinearálta le chéile.
- 1.107 Mar phrionsabal, níor cheart sreafaí agus stoic idir chomhaonaid laistigh d'fho-earnálacha nó d'earnálacha a chomhdhlúthú.
- 1.108 Mar sin féin, is féidir cuntais chomhdhlúite a thiomnú le haghaidh tíolactha fhorlíontaigh agus anailísí forlíontacha. Féadfaidh faisnéis faoi idirbhearta na bhfo-earnálacha/na n-earnálacha sin le hearnálacha eile agus an staid airgeadais "sheachtrach" chomhfhreagrach a bheith níos suntasaí ná na figiúirí comhlána foriomlána.

- 1.109 Thairis sin, tugann na cuntais agus na táblaí ina léirítear an ghaolmhaireacht idir creidiúnaí/féichiúnaí léargas mionsonraithe ar mhaoiniú an gheilleagair agus meastar go bhfuil siad an-úsáideach chun na bealaí trína ngluaiseann an barrachas maoinithe ó iasachtóirí deiridh go hiasachtaithe deiridh a thuiscint.

Glanluacháil

- 1.110 D'fhéadfadh an cineál céanna idirbhearta, i bhfoirm úsáide agus i bhfoirm acmhainne araon, a bheith ag aonaid aonair nó ag earnálacha aonair (e.g. íocann siad ús agus faigheann siad ús freisin) agus an cineál céanna ionstraim airgeadais i bhfoirm sócmhainne agus i bhfoirm dliteanas araon. Is é an cur chuige in CCE olltaifeadadh a dhéanamh, cé is moite den mhéid glanluachála is gné dhílis de na haicmithe féin.
- 1.111 Tá an ghlánluacháil intuigthe i gcatagóirí éagsúla idirbhearta, arb iad "athruithe ar fhardail" an sampla is suntasaí díobh, lena gcuirtear béim ar an ngné is suntasaí ó thaobh anailíse den fhoirmiú caipitil foriomlán seachas breiseanna laethúla agus aistarraingtí laethúla a rianú. Ar an gcuma chéanna, cé is moite de roinnt eisceachtaí, déantar méadú ar shócmhainní agus ar dhliteanas a thaifeadadh i bhfoirm ghlan sa chuntas airgeadais agus sa chuntas athruithe eile ar shócmhainní, agus cuirtear béim ar iarmhairtí críochnaitheacha na gcineálacha sin sreafaí ag deireadh na tréimhse cuntasafóchta.

Cuntais, ítimí comhardaithe agus comhiomláin

- 1.112 I gcás aonad nó grúpaí aonad, taifeadtar idirbhearta a bhaineann le gné den saol eacnamaíoch (mar shampla, táirgeadh) i gcuntais éagsúla. I gcás an chuntais táirgeachta, ní léireofar comhardú idir úsáidí agus acmhainní sna hidirbhearta gan ítim chomhardaithe a úsáid. Ar an dóigh chéanna, ní foláir ítim chomhardaithe (glanluach) a úsáid idir iomlán na sócmhainní agus iomlán na ndlíteanas in aonad institiúideach nó in earnáil institiúideach. Is uirlisí tomhais fóinteacha ar fheidhmíocht eacnamaíoch iad na hítimí comhardaithe féin. Nuair a shuimítear iad don gheilleagar ar fad, is comhiomláin shuntasacha iad.

Seicheamh na gcuntas

- 1.113 Tá an córas CCE 2010 bunaithe ar sheicheamh de chuntais idirnasctha. Tá seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh na n-aonad institiúideach agus na n-earnálacha institiúideacha comhdhéanta de chuntais reatha, de chuntais charntha agus de chláir chomhardaithe.
- 1.114 Déileáiltear sna cuntais reatha le táirgeadh, le ginúint, le dáileadh agus le hathdháileadh ioncain agus le húsáid an ioncain sin i bhfoirm tomhaltas chríochnaithigh. Sna cuntais charntha cuimsítear athruithe ar shócmhainní agus ar dhliteanas agus athruithe ar ghlánfhiúchas (an difríocht idir shócmhainní agus dhliteanas aon aonaid institiúidigh nó aon ghrúpa aonad ar bith). Tuairiscítear stoic na sócmhainní agus na ndlíteanas agus an glánfhiúchas sna cláir chomhardaithe.
- 1.115 Giorraítear seicheamh na gcuntas le haghaidh na nAPGanna áitiúla agus na dtionscal go dtí na chéad cuntais reatha: an cuntas táirgeachta agus an cuntas giniúna ioncain, arb é an barrachas oibriúcháin an ítim chomhardaithe.

An cuntas earraí agus seirbhísí

- 1.116 Léirítear sa chuntas earraí agus seirbhísí, le haghaidh an gheilleagair ina iomláine nó le haghaidh grúpaí táirgí, iomlán na n-acmhainní earraí agus seirbhísí (aschur agus allmhairí) agus iomlán na n-úsáidí earraí agus seirbhísí (tomhaltas idirmheánach, tomhaltas críochnaitheach, athruithe ar fhardail, ollfhoirmiú caipitil sheasta, éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara, agus onnmhairí). Ní cuntas an cuntas seo sa chiall chéanna agus na cuntais eile sa seicheamh, agus ní ghineann sé ítim chomhardaithe a chuirtear ar aghaidh go dtí an chéad cuntas eile sa seicheamh. Ina ionad sin, is tiolacadh comhionannais chuntasafóchta é i bhfoirm tábla ina bhfuil dá réir an soláthar cothrom leis an éileamh i gcás na dtáirgí agus na ngrúpaí táirgí uile sa gheilleagar.

Cuntas na coda eile den domhan

- 1.117 Cumhdaítear i gcuntas na coda eile den domhan idirbhearta idir aonaid institiúideacha chónaitheacha agus aonaid institiúideacha neamhchónaitheacha agus stoic ghaolmhara na sócmhainní agus na ndlíteanas.

Toisc go bhfuil ról fearacht earnála institiúidí ag an gcuid eile den domhan sa struchtúr cuntasafóchta, tá cuntas na coda eile den domhan bunaithe ar an dearcadh atá ag an gcuid eile den domhan. Is ionann acmhainn don chuid eile den domhan agus úsáid don gheilleagar iomlán agus a mhalairt. I gcás ina bhfuil ítim chomhardaithe dheimhneach ann, ciallaíonn sé barrachas don chuid eile den domhan ach easnamh don gheilleagar iomlán, agus a mhalairt más ítim chomhardaithe dhiúltach atá ann.


Tá cuntas na coda eile den domhan éagsúil leis na cuntais earnála eile sa mhéid is nach dtaispeántar ann idirbhearta cuntasafóchta uile na coda eile den domhan, ach amháin na hidirbhearta sin a bhfuil contrapháirt acu sa gheilleagar intíre atá á thomhas.

Ítimí comhardaithe

1.118 Faightear ítim chomhardaithe trí luach iomlán na n-iontrálacha ar thaobh amháin de chuntas a asbhaint ón luach iomlán ar an taobh eile.

Tá méid mór faisnéise sna hítimí comhardaithe, lena n-áirítear roinnt de na hiontrálacha is tábhachtaí sna cuntais, mar is léir ó na samplaí seo a leanas d'ítimí comhardaithe: breisluach, barrachas oibriúcháin/ioncam, indiúscartha, coigilt, glaniasachtú/glaniasachtaíocht.

Sa léaráid seo a leanas taispeántar seicheamh na gcuntas i bhfoirm sreafa — taispeántar gach ítim chomhardaithe i gcló trom.

Léaráid de sheicheamh na gcuntas

- 1.119 Is é an chéad chuntas sa seicheamh an cuntas táirgeachta, ina dtaifeadtar aschur agus ionchur an phróisis táirgthe, agus fágtar an breisluach mar ítim chomhardaithe.
- 1.120 Tugtar an breisluach ar aghaidh go dtí an chéad chuntas eile, an cuntas giniúna ioncaim. Déantar cúiteamh d'fhostaithe sa phróiseas táirgthe a thairgeadh anseo, mar aon le cánacha atá dlite don rialtas i ngeall ar tháirgeadh, chun gur féidir an barrachas oibriúcháin (nó ioncam measctha ó dhaoine féinfhostaithe in earnáil na dteaghlach) a dhíorthú mar ítim chomhardaithe do gach earnáil. Is gá an chéim seo chun gur féidir suim an bhreisluacha a choimeádtar in earnáil an táirgthe mar bharrachas oibriúcháin nó mar ioncam measctha a thomhas.
- 1.121 Ansin déantar an breisluach, miondealaithe idir cúiteamh d'fhostaithe, cánacha agus barrachas oibriúcháin/ioncam measctha a thabhairt ar aghaidh sa mhiondealú seo go dtí an cuntas leithdháilte ioncaim príomha. Leis an miondealú sin, is féidir gach ioncam fachtóra a leithdháileadh ar an earnáil fála, i gcodarsnacht leis an earnáil táirgthe. Leithdháiltear cúiteamh iomlán d'fhostaithe, mar shampla, idir earnáil na dteaghlach agus earnáil na coda eile den domhan, ach fanann barrachas oibriúcháin in earnáil na gcorparáidí áit ar gineadh é. Taifeadtar sa chuntas seo freisin na sreafaí ioncaim ó mhaoin isteach san earnáil, agus na sreafaí amach as an earnáil, ionas gurb é atá san ítim chomhardaithe comhardú ioncam príomha a shreabhann isteach san earnáil.
- 1.122 Sa chéad chuntas eile taifeadtar athdháileadh na n-ioncam sin trí aistrithe — an cuntas dáilte thánaistigh ioncaim. Is iad na hionstraimí príomha athdháilte ná cánacha rialtais ar earnáil na dteaghlach, agus sochair shóisialta le haghaidh earnáil na dteaghlach. Is é an t-ioncam indiúscartha an ítim chomhardaithe.
- 1.123 Leanann príomhsheicheamh na mbunchuntas ar aghaidh go dtí an cuntas úsáide ioncaim indiúscartha; cuntas is ábhartha d'earnáil na dteaghlach, mar gur anseo a thairgeadtar caiteachas críochnaitheach na dteaghlach, rud a fhágann coigilt na dteaghlach mar ítim chomhardaithe.
- 1.124 Ag an am céanna, cruthaítear cuntas comhthreomhar, cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil. Tá an cuspóir sonrach ag an gcuntas seo aistrithe sóisialta comhchineáil a thaispeáint mar aistriú barúlach ón rialtas le hearnáil na dteaghlach, ionas gur féidir le hioncam na dteaghlach méadú de réir luach seirbhísí aonair arna soláthar ag an rialtas. Sa chéad chuntas eile (an cuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe) méadaítear cuntas úsáide ioncam indiúscartha na dteaghlach faoin tsuim chéanna, amhail is go raibh earnáil na dteaghlach ag ceannach na seirbhísí aonair arna soláthar ag an rialtas. Cealaíonn an dá leitháireamh seo a chéile, rud a fhágann an choigilt mar ítim chomhardaithe, arb ionann í agus coigilt sa phríomhsheicheamh cuntas.
- 1.125 Tugtar coigilt ar aghaidh go dtí an cuntas caipitil áit a n-úsáidtear í chun foirmiú caipitil a chistiú, lena gceadaítear aistrithe caipitil a dhéanamh isteach sna hearnálacha agus amach astu. Má chaitear an iomarca nó mura gcaitear go leor ar éadálacha sócmhainní réadacha is glaniasachtú nó glaniasachtaíocht a bheidh ann mar ítim chomhardaithe. Is ionann glaniasachtú agus barrachas a thugtar ar iasacht, agus is ionann glaniasachtaíocht agus easnamh a mhaoiniú.
- 1.126 Is é an cuntas deireanach sa seicheamh an cuntas airgeadais, ina leagtar amach go mionsonraithe iasachtú agus iasachtaíocht gach earnála, rud a fhágann glaniasachtú nó glaniasachtaíocht mar ítim chomhardaithe. Ba cheart go gcomhfhreagródh sé go cruinn don ghlaniasachtú/glaniasachtaíocht atá mar ítim chomhardaithe sa chuntas caipitil, agus ní mór go mbeadh aon difríocht eatarthu in ionannas le neamhréireacht tomhais idir taifeadadh réadach agus taifeadadh airgeadais na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha.
- 1.127 Maidir leis an ró ag bun na léaráide, is é an cuntas ar chlé an clár comhardaithe tosaigh, ina dtaispeántar leibhéal na sócmhainní agus na ndliteanas go léir, idir réadach agus airgeadais, ag tús tréimhse sonraithe. Tomhastar rachmas geilleagair trína ghlanluach (sócmhainní lúide dliteanas) agus taispeántar an méid sin ag bun an chláir chomhardaithe.
- 1.128 Ag dul ón taobh clé go dtí an taobh deas ó na comharduithe tosaigh, taifeadtar na hathruithe éagsúla ar shócmhainní agus ar dliteanas a tharlaíonn i dtréimhse an chuntais. Sa chuntas caipitil agus sa chuntas airgeadais taispeántar na hathruithe i ngeall ar idirbhearta sócmhainní réadacha agus idirbhearta sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais faoi seach. In éagmais éifeachtaí eile, is leor an méid sin chun an suíomh deiridh a ríomh láithreach, trí na hathruithe a shuímiú leis an suíomh tosaigh.
- 1.129 Féadfaidh athruithe tarlú lasmuigh den timthriall eacnamaíoch táirgthe agus tomhaltais, áfach, agus beidh tionchar ag na hathruithe sin ar luachanna sócmhainní agus dliteanas ag an tréimhse dheiridh. Cineál amháin athraithe is ea athrú ar mhéid na sócmhainní — athruithe réadacha ar chaipiteal seasta a thig as teagmhais nach cuid den gheilleagar iad. Mar shampla, cailteanas i ngeall ar thubaistí — mórchrith talún, nuair a scriosadh méid suntasach sócmhainní ach ní trí idirbheart eacnamaíoch malairte nó aistrithe. Ní foláir an cailteanas sin a thairgeadh sa chuntas athruithe eile ar an méid, chun leibhéal sócmhainní níos ísle ná mar a bhfuiltear ag súil leis a mhíniú díreach trí fhéachaint ar theagmhais eacnamaíocha. Bealach eile inar féidir athrú teacht ar luach sócmhainní (agus dliteanas), nach de thoradh idirbheart eacnamaíoch é, is ea athrú ar phraghas as a dtig gnóthachain sealúchais agus cailteanas sealúchais sa stoc sócmhainní arna shealbhú. Déantar an t-athrú sin a thairgeadh sna cuntais athluachála. Agus an dá éifeacht bhreise sin ar luachanna stoc na sócmhainní agus na ndliteanas á gcur san áireamh, is féidir meastachán a dhéanamh ar an gclár comhardaithe deiridh mar shuíomh tosaigh arna choigeartú i leith na n-athruithe ar na cuntais sreafaí sa ró ag bun na léaráide.

Comhiomláin

1.130 Is éard atá sna comhiomláin luachanna ilchodacha lena dtomhastar toradh ghníomhaíocht an gheilleagair iomláin; mar shampla, aschur, ioncam indiúscartha, tomhaltas críochnaitheach, coigilt, foirmiú caipitil, etc. Cé nach é ríomh na gcomhiomláin an t-aon aidhm le CCE, tá siad tábhachtach mar tháscairí ahoimre chun críochnaíle maicreacnamaíche agus chun críochnaíle comparáide ó thaobh ama agus spáis de.

1.131 Déantar idirdhealú idir dhá chineál comhiomláin:

- (a) comhiomláin a thagraíonn go díreach d'idirbhearta atá i gcóras CCE 2010, amhail aschur earraí agus aschur seirbhísí, tomhaltas críochnaitheach, ollfhoirmiú caipitil sheasta, cúiteamh d'fhostaithe, etc.;
- (b) comhiomláin atá in ionannas le hítimí comhardaithe sna cuntais, amhail OTI ag praghsanna an mhargaidh, barrachas oibriúcháin an gheilleagair iomláin, OIN, ioncam indiúscartha náisiúnta, coigilt, comhardú seachtrach reatha, agus glanfhíochas an gheilleagair iomláin (rachmas náisiúnta).

1.132 Tá úsáidí tábhachtacha ann d'aonaid tomhais na gcuntas náisiúnta in aghaidh an duine den daonra. I gcás comhiomláin leathan amhail OTI nó ioncam náisiúnta nó tomhaltas críochnaitheach na dteaghlach, is é an daonra (cónaitheach) iomlán an t-ainmneoir a úsáidtear de ghnáth. Nuair atá cuntais nó cuid de chuntais earnáil na dteaghlach á bhforoinnt i bhfo-earnálacha, úsáidtear sonraí faoi líon na dteaghlach agus faoi líon na ndaoine a bhaineann le gach fo-earnáil.

OTI: príomh-chomhiomláin

1.133 Tá OTI ar cheann de na príomh-chomhiomláin in CCE. Is aonad tomhais é ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch iomlán a tharlaíonn i gcóras eacnamaíoch as a dtig aschur a chomhlíonann éilimh chríochnaitheacha an gheilleagair. Tá trí bhealach ann chun OTI a thomhas ag praghsanna an mhargaidh:

- (1) cur chuige an táirgthe, is é sin suim na mbreisluachanna ag na gníomhaíochtaí uile a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí, móide cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí;
- (2) cur chuige an chaiteachais, is é sin iomlán na gcaiteachas críochnaitheach arna ndéanamh trí aschur críochnaitheach an gheilleagair a thomhailt, nó trí chur le rachmas, móide onnmhairí lúide allmhairí earraí agus allmhairí seirbhísí;
- (3) cur chuige an ioncaim, is é sin iomlán na n-ioncam arna dtuilleamh sa phróiseas ina dtáirgtear earraí agus seirbhísí, móide cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí lúide fóirdheontais.

1.134 Léiríonn na trí chur chuige sin i leith OTI a thomhas na bealaí éagsúla inar féidir OTI a thuiscint i dtéarmaí comhpháirteanna. Is féidir breisluach a mhiondealú de réir earnála institiúidí, agus de réir an chineáil ghníomhaíochta nó tionscail a rannchuidíonn leis an iomlán, e.g. talmhaíocht, monaraíocht, tógáil, seirbhísí, etc.

Is féidir caiteachas críochnaitheach a mhiondealú de réir cineáil: caiteachas na dteaghlach, caiteachas críochnaitheach INBFTanna, caiteachas críochnaitheach rialtais, athrú ar fhardail, foirmiú caipitil sheasta agus onnmhairí, lúide costas allmhairí.

Is féidir ioncaim iomlána arna dtuilleamh a mhiondealú de réir cineáil ioncaim — cúiteamh d'fhostaithe, agus barrachas oibriúcháin.

1.135 D'fhonn an meastachán is fearr a fháil ar OTI, déantar, mar dhea-chleachtas, eilimintí na dtrí chur chuige sin a chur isteach i gcreat soláthair agus úsáide. Is féidir, ar an mbealach sin, breisluach agus meastachán ioncaim de réir tionscail a réiteach le chéile, agus soláthar táirgí agus éileamh ar tháirgí a chomhardú. Leis an gcur chuige comhtháite sin, áiríthítear comhsheasmhacht idir comhpháirteanna OTI, agus meastachán níos fearr ar an leibhéal OTI ná mar a gheofaí gan ach cur chuige amháin de na trí cinn a úsáid. Trí ídiú an chaipitil sheasta a asbhaint ó OTI, faightear glantáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh (GTI).

An creat ionchuir-aschuir

1.136 Sa chreat ionchuir-aschuir tugtar le chéile na comhpháirteanna seo a leanas: oll-bhreisluch (OBL), ionchuir agus aschuir tionscail, soláthar agus éileamh táirgí, agus comhdhéanamh úsáidí agus acmhainní ar fud earnálacha institiúideacha an gheilleagair. Leis an gcreat seo miondealáítear an geilleagar chun idirbhearta na n-earraí agus na seirbhísí ar fad idir tionscail agus thomhaltóirí deiridh a thaispeáint i dtreimhse amháin (mar shampla, ráithe nó bliain). Féadfár faisnéis a chur i láthair ar dhá bhealach:

- (a) na táblaí soláthair agus úsáide;
- (b) na táblaí siméadracha ionchuir-aschuir.

Táblaí soláthair agus úsáide

- 1.137 I dtáblaí soláthair agus úsáide taispeántar an geilleagar iomlán de réir tionscail (e.g. tionscal na mótarfheithiclí) agus de réir táirge (e.g. earraí spóirt). Sna táblaí, léirítear naisc idir comhpháirteanna OBL, ionchuir agus aschuir tionscal, agus soláthar agus éileamh táirgí. Nascann na táblaí soláthair agus úsáide earnálacha institiúideacha éagsúla an gheilleagair le chéile (e.g. corparáidí poiblí) mar aon le mionsonraí ar allmhairí agus onnmhairí earraí agus seirbhísí, ar chaiteachas an rialtais, ar chaiteachas na dteaghlach agus na INBFTanna agus ar fhoirmiú caipitil.
- 1.138 Trí tháblaí soláthair agus úsáide a sholáthar is féidir comhsheasmhacht agus comhchuibheas chomhpháirteanna na gcuntas náisiúnta a scrúdú laistigh de chreat mionsonraithe amháin agus, trí chomhpháirteanna na dtrí chur chuige a chorprú chun OTI a thomhas (i.e. *táirgeacht*, *ioncam* agus *caiteachas*), is féidir meastachán aonair OTI a chinneadh.
- 1.139 Nuair a chomhardaítear na táblaí soláthair agus úsáide ar mhodh comhtháite, soláthraíonn siad comhchuibheas agus comhsheasmhacht chun comhpháirteanna na dtrí chuntas seo a leanas a nascadh:
- (1) cuntas earraí agus seirbhísí;
 - (2) cuntas táirgeachta (de réir tionscail agus earnála institiúidí); agus
 - (3) cuntas giniúna ioncaim (de réir tionscail agus earnála institiúidí).

Táblaí siméadracha ionchuir-aschuir

- 1.140 Díorthaítear na táblaí siméadracha ionchuir-aschuir ó shonraí i dtáblaí soláthair agus úsáide agus ó fhoinsí breise eile chun bonn teoiriciúil a chruthú le haghaidh anailíse ina dhiaidh sin.
- 1.141 Sna táblaí seo tá táblaí siméadracha (táirge ar tháirge nó tionscal ar thionscal), inbhéartach Leontief agus anailísí diagnóiseacha eile amhail iolraitheoirí aschuir. Léirítear ar bhonn leithleach tomhaltas earraí agus seirbhísí arna dtáirgeadh sa chríoch baile nó arna n-allmhairiú, lena soláthraítear creat teoiriciúil d'anailís struchtúrach bhreise ar an ngeilleagar, lena n-áirítear comhdhéanamh chomh maith leis an éifeacht ag athruithe ar éileamh críoch-naitheach ar an ngeilleagar.
-

CAIBIDIL 2

AONAD AGUS GRÚPÁLACHA AONAD

- 2.01 Is éard is geilleagar tíre ann córas trína mbíonn institiúidí agus daoine ag idirghníomhú trí mhalairtí agus aistrithe earraí, seirbhísí agus modhanna íocaíochta (e.g. airgead) chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh agus a thomhailt.

Is eintitis eacnamaíocha iad na heintitis sin den gheilleagar a bhíonn ag idirghníomhú agus is féidir leo úinéireacht a fháil ar shócmhainní, dliteanais a thabhtú agus dul i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus idirbheart eacnamaíoch le heintitis eile. Aonaid institiúideacha a thugtar orthu.

Bíonn cuspóirí éagsúla i gceist nuair a shainmhínítear na haonaid a úsáidtear sna cuntais náisiúnta. Ar an gcéad dul síos, is iad na haonaid na bunchlocha tógála le geilleagair a shainmhíniú i dtéarmaí geografacha, e.g. náisiúin, réigiúin, agus grúpálacha náisiún amhail aontais airgeadaíochta nó pholaitiúla. Ar an dara dul síos, is iad na bunchlocha tógála iad chun aonaid a ghrúpáil in earnálacha institiúideacha. Ar an tríú dul síos, tá siad ríthábhachtach chun na sreafaí agus na stoic sin a thaifeadtar a shainiú. I bprionsabal, ní dhéantar na hidirbhearta idir codanna éagsúla den aonaid institiúideach céanna a thaifeadadh sna cuntais náisiúnta.

- 2.02 Sainmhíneofar na haonaid agus na grúpálacha aonad a úsáidtear sna cuntais náisiúnta trí thagairt a dhéanamh don chineál anailíse eacnamaíche atá beartaithe dóibh, seachas i dtéarmaí na gcineálacha aonaid a úsáidtear go hiondúil i bhfiosrúcháin staidrimh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na haonaid sin (e.g. gnóthais, cuideachtaí sealbhaíochta, aonaid phríomhghníomhaíochta, aonaid áitiúla, ranna rialtais, institiúidí neamhbhrabúis, teaghlaigh, etc.) sásúil chun críocha cuntas náisiúnta, ós rud é go bhfuil siad bunaithe ar chritéir de chineál dlíthiúil, riaracháin nó cuntasáíochta.

Cuirfidh staitisteoirí san áireamh na sainmhínte ar aonaid anailíse mar atá leagtha síos in CCE 2010, d'fhonn a áirithiú go dtabharfar isteach de réir a chéile, sna suirbhéanna ina mbailítear sonraí, na heilimintí faisnéise go léir is gá chun sonraí bunaithe ar na haonaid anailíse arna n-úsáid in CCE 2010 a thiomnú.

- 2.03 Is sainghné de chóras CCE 2010 é cineálacha aonaid a úsáid a chomhfhreagraíonn do thrí bhealach chun an geilleagar a fhoroinnt:

- (1) chun sreafaí agus suíomhanna a anailísiú, tá sé fíor-riachtanach aonaid a roghnú trínar féidir staidéar a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí iompraíochta i measc gníomhairí eacnamaíocha;
- (2) chun an próiseas táirgthe a anailísiú, tá sé fíor-riachtanach aonaid a roghnú a chuireann béim ar ghaolmhaireachtaí de chineál teicniúil agus eacnamaíoch, nó gaolmhaireachtaí a léiríonn gníomhaíochtaí áitiúla;
- (3) d'fhonn anailísí réigiúnacha a cheadú, tá gá le haonaid a léiríonn príomhghníomhaíochtaí áitiúla.

Sainítear aonaid institiúideacha d'fhonn an chéad cheann de na cuspóirí sin a chomhlíonadh. Tá gá ag gaolmhaireachtaí iompraíochta, mar a ndéantar cur síos orthu i bpointe (1), le haonaid trína léirítear a ngníomhaíocht eacnamaíoch institiúideach iomlán.

Tá gá ag na próisis táirgthe, na gaolmhaireachtaí de chineál teicniúil agus eacnamaíoch, agus na hanailísí réigiúnacha dá dtagraítear i bpointe (2) agus i bpointe (3) le haonaid amhail na hAPGanna áitiúla. Déantar cur síos ar na haonaid sin níos faide ar aghaidh sa chaibidil seo.

Sula dtugtar sainmhínte ar na haonaid a úsáidtear in CCE 2010, tá gá le teorainneacha an gheilleagair náisiúnta a shainiú.

TEORAINNEACHA AN GHEILLEAGAIR NÁISIÚNTA

- 2.04 Is iad na haonaid arb ionann iad agus geilleagar tíre agus a bhfuil a sreafaí agus a stoic taifeadta in CCE 2010 na haonaid atá cónaitheach. Tá aonaid institiúideach cónaitheach i dtír ina bhfuil lárionad príomhleasa eacnamaíoch i gcríoch eacnamaíoch na tíre sin. Tugtar aonaid chónaitheacha ar na haonaid sin, is cuma faoi náisiúntacht, faoi fhoirm dhlíthiúil agus faoi láithreach ar an gcríoch eacnamaíoch tráth a ndéanann siad idirbheart.

- 2.05 Is éard atá sa chríoch eacnamaíoch:

- (a) an limistéar (críoch gheografach) atá faoi riarachán éifeachtach agus faoi rialú eacnamaíoch rialtais amháin;

- (b) aon saorchriosanna, lena n-áirítear trádstórais atá faoi bhannaí agus monarchana atá faoi rialú custaim;
- (c) an t-aerspás náisiúnta, uiscí críochacha agus an scairbh ilchríochach atá in uiscí idirnáisiúnta, a bhfuil cearta eisiacha ag an tír ina leith;
- (d) iamhchríocha laistigh den chríoch, eadhon críocha geografacha sa chuid eile den domhan atá á n-úsáid, faoi chonarthaí idirnáisiúnta nó faoi chomhaontuithe idir stáit, ag gníomhaireachtaí rialtais ghinearálta na tíre (amhail ambasáidí, consalachtaí, bunáiteanna míleata, bunáiteanna eolaíochta, etc.);
- (e) fosuithe ola, gáis nádúrtha, etc. in uiscí idirnáisiúnta lasmuigh de scairbh ilchríochach na tíre, arna saothrú ag aonaid atá cónaitheach sa chríoch mar atá sainithe i bpointe (a) go pointe (d).

Déantar báid iascaireachta, longa eile, ardáin snámha agus aerárthaí a láimhseáil mar threalamh soghluaiste i CCE, is cuma má tá siad faoi úinéireacht agus/nó á n-oibriú ag aonaid atá cónaitheach sa tír, nó faoi úinéireacht neamhchónaitheach agus á n-oibriú ag aonaid chónaitheacha. Maidir le hidirbhearta a bhaineann le húinéireacht (ollfhoirmiú caipitil sheasta) agus úsáid (cíos, árachas, etc.) trealamh soghluaiste, cuirtear iad i leith gheilleagar na tíre ina bhfuil an t-úinéir agus/nó an t-oibreoir eacnamaíoch cónaitheach. I gcásanna léasaithe airgeadais, glactar leis go dtarlaíonn athrú ar an úinéireacht.

Féadfar críoch níos mó nó níos lú ná an chríoch atá sainithe thuas a bheith i gceist leis an geríoch eacnamaíoch. Sampla de limistéar níos mó is ea aontas airgeadra amhail an tAontas Airgeadaíochta Eorpach; sampla de limistéar níos lú is ea cuid de thír amhail réigiún.

2.06 Ní áirítear iamhchríocha seach-chríochacha sa chríoch eacnamaíoch.

Eisiatar freisin codanna de chríoch gheografach na tíre féin arna n-úsáid ag na heagraíochtaí seo a leanas:

- (a) gníomhaireachtaí rialtais ghinearálta tíortha eile;
- (b) institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh; agus
- (c) eagraíochtaí idirnáisiúnta faoi chonarthaí idirnáisiúnta idir stáit.

Is críocha eacnamaíocha ar leithligh iad na críocha arna n-úsáid ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta. Is gné de na críocha sin gurb iad na hinstitiúidí amháin na cónaitheigh iontu.

2.07 Léiríonn an téarma lárionad príomhleasa eacnamaíoch go bhfuil suíomh éigin laistigh den chríoch eacnamaíoch na tíre ina mbíonn aonad i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus i mbun idirbheart ar mhórsála, thar thréimhse éiginnte nó thar thréimhse a bheidh finideach ach fada (bliain nó níos mó). Meastar gur leor úinéireacht talún agus úinéireacht foirgneamh laistigh den chríoch eacnamaíoch chun go mbeadh lárionad príomhleasa eacnamaíoch ag an úinéir inti.

Ní bhíonn gnóthais nasctha ach le geilleagar amháin de ghnáth. Is iondúil go mbíonn eintiteas dlíthiúil ar leithligh in úsáid le haghaidh oibríochtaí i ngach dlínse dlíthiúil faoi seach mar thoradh ar chánachas agus ar cheanglais dhlíthiúla eile. Ina theannta sin, aithnítear aonad institiúideach ar leithligh chun críoch staidrimh i gcás ina bhfuil oibríochtaí suntasacha ag eintiteas dlíthiúil aonair in dhá chríoch nó níos mó (e.g. brainsí, úinéireacht talún agus gnóthais i geríocha éagsúla mar shampla). Mar thoradh ar na heintitis dhlíthiúla sin a dheighilt, is léir an áit chónaithe ag gach ceann de na gnóthais nua a aithnítear ina dhiaidh sin. Ní chiallaíonn lárionad príomhleasa eacnamaíoch nár cheart eintitis a bhfuil oibríochtaí suntasacha ar bun acu in dhá chríoch nó níos mó a dheighilt.

Mura bhfuil aon ghné fhisiceach ann a bhaineann le gnóthas, socraítear a áit chónaithe de réir na críche eacnamaíche a bhfuil an gnóthas corpraithe nó cláraithe faoina dlíthe.

2.08 Is féidir aonaid a mheastar a bheith ina gcónaitheigh tíre a fhoroinnt mar seo a leanas:

- (a) aonaid atá i mbun táirgthe, maoinithe, árachais nó athdháilte, i ndáil lena n-idirbhearta go léir cé is moite de na hidirbhearta sin a bhaineann le húinéireacht talún agus le húinéireacht foirgneamh;
- (b) aonaid arb é tomhaltas a bpríomhghníomhaíocht, i ndáil lena n-idirbhearta go léir cé is moite de na hidirbhearta sin a bhaineann le húinéireacht talún agus le húinéireacht foirgneamh;
- (c) na haonaid go léir ina gcáil mar úinéirí talún nó úinéirí foirgneamh cé is moite d'úinéirí iamhchríoch seach-chríochach atá ina gcuid de chríoch eacnamaíoch tíortha eile nó ar stáit neamhspleácha iad.

2.09 Maidir le haonaid nach teaghlaigh iad, i ndáil lena n-idirbhearta go léir cé is moite de na hidirbhearta sin a bhaineann le húinéireacht talún agus le húinéireacht foirgneamh, is féidir an dá chás seo a leanas a shonrú:

- (a) déantar gníomhaíocht go heisiach ar chríoch eacnamaíoch na tíre: is aonaid chónaitheacha den tír sin iad na haonaid a dhéanann gníomhaíocht den sórt sin;
- (b) déantar gníomhaíocht ar feadh bliana nó níos mó ar chríocha eacnamaíocha roinnt tíortha: ní mheastar gur aonaid chónaitheach na tíre ach an chuid sin den aonaid a bhfuil lárionad príomhleasa eacnamaíoch aige i gcríoch eacnamaíoch na tíre.

Féadfaidh aonaid institiúideach cónaitheach bheith ina aonaid institiúideach barúlach, i ndáil leis an ngníomhaíocht a dhéanann aonaid cónaitheach i dtír eile sa tír i dtrácht ar feadh bliana nó níos mó. Má mhaireann an ghníomhaíocht níos lú ná bliain amháin, fanann an ghníomhaíocht mar chuid de ghníomhaíochtaí an aonaid institiúidigh táirgthe agus ní aithnítear aon aonaid institiúideach ar leithligh. I gcás nach gníomhaíocht shuntasach í, cé go maireann sí níos faide ná bliain, agus i gcás trealamh a shuiteáil ar an gcoigríoch, ní aithnítear aon aonaid ar leithligh agus déantar taifead ar na gníomhaíochtaí mar ghníomhaíochtaí an aonaid institiúidigh táirgthe.

2.10 Is aonaid chónaitheacha iad teaghlaigh a bhfuil lárionad príomhleasa eacnamaíoch acu sa tír, ach amháin ina gcáil mar úinéirí talún nó úinéirí foirgneamh. Is aonaid chónaitheacha iad fiú má chaith siad tréimhsí is lú ná bliain amháin ar an gcoigríoch. Ar na teaghlaigh sin tá, go háirithe:

- (a) oibrithe teorann, a shainítear mar dhaoine a thrasnaíonn an teorainn gach lá chun dul ag obair i dtír chomharsanach;
- (b) oibrithe séasúracha, a shainítear mar dhaoine a fhágann an tír ar feadh roinnt míonna, ag brath ar an séasúr, ach ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin, chun dul ag obair i dtír eile;
- (c) turasóirí, othair, mic léinn, oifigigh ar cuairt, lucht gnó, díoltóirí, ealaíontóirí agus baill de chriúnna a thaislealaíonn ar an gcoigríoch;
- (d) foireann a earcaítear go háitiúil agus atá ag obair in iamhchríocha seach-chríochacha rialtas eachtrach;
- (e) foireann institiúidí an Aontais Eorpaigh agus foireann eagraíochtaí idirnáisiúnta sibhialtacha nó míleata a bhfuil a gceanncheathrú acu in iamhchríocha seach-chríochacha;
- (f) ionadaithe oifigiúla, sibhialtacha nó míleata rialtas na tíre (lena n-áirítear a dteaghlaigh) atá bunaithe in iamhchríocha laistigh den chríoch.

Glactar leis i gcónaí gur cónaitheigh iad mic léinn, is cuma cé chomh fada atá caite acu ag staidéar ar an gcoigríoch.

2.11 Maidir leis na haonaid go léir, ina gcáil mar úinéirí talún agus/nó úinéirí foirgneamh atá mar chuid den chríoch eacnamaíoch, is aonaid chónaitheacha nó aonaid chónaitheacha bharúlacha iad den tír ina bhfuil an talamh sin nó na foirgnimh sin i dtrácht suite.

NA HAONAIÐ INSTITIÚIDEACHA

2.12 *Sainmhíniú:* is éard is aonaid institiúideach ann eintiteas eacnamaíoch arb é an tsaintréith ann uathriail cinnteoireachta i bhfeidhmiú a phríomhfheidhme. Meastar go bhfuil aonaid cónaitheach ina aonaid institiúideach sa chríoch eacnamaíoch ina bhfuil a lárionad príomhleasa eacnamaíoch má tá uathriail cinnteoireachta aige agus má choimeádann sé sraith iomlán cuntas nó má tá sé in ann sraith iomlán cuntas a thiomsú.

Chun go mbeidh uathriail cinnteoireachta i ndáil lena phríomhfheidhm ag aonaid, ní mór d'eintiteas a bheith:

- (a) i dteideal earraí nó sócmhainní a bheith faoi úinéireacht aige ina cheart féin; beidh sé ábalta úinéireacht earraí nó úinéireacht sócmhainní a mhalartú in idirbhearta le haonaid institiúideacha eile;
- (b) ábalta cinní eacnamaíocha a dhéanamh agus dul i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mbeidh sé freagrach astu agus cuntasach astu faoin dlí;
- (c) ábalta dliteanas a thabhtú thar a cheann féin, oibleagáidí eile nó gealltanais bhreise a ghlacadh agus a bheith páirteach i gconarthaí; agus
- (d) ábalta sraith iomlán cuntas a tharraingt suas ina mbeidh taifid chuntasaíochta a chuimsíonn na hidirbhearta go léir a rinne sé le linn na tréimhse cuntasaíochta, chomh maith le clár comhardaithe sócmhainní agus dliteanas.

- 2.13 Beidh feidhm ag na príonsabail seo a leanas aon uair nach bhfuil saintréithe eintitis institiúidigh in aonán:
- (a) meastar go bhfuil uathriail cinnteoireachta ag teaglaigh i ndáil lena bpríomhfheidhm agus gur aonaid institiúideacha iad dá bhrí sin, cé nach gcoimeádann siad sraith iomlán cuntas;
 - (b) ní heintitis institiúideacha iad aonáin nach gcoimeádann sraith iomlán cuntas ná nach bhfuil ábalta sraith iomlán cuntas a choimeád más gá déanamh amhlaidh;
 - (c) maidir le heintitis nach bhfuil uathriail cinnteoireachta acu, cé go gcoimeádann siad sraith iomlán cuntas, is cuid de na haonaid a bhfuil siad faoina rialú iad;
 - (d) ní gá d'eintitis cuntais a fhoilsiú le bheith ina n-aonad institiúideach;
 - (e) maidir le heintitis atá ina gcuid de ghrúpa aonad atá i mbun táirgthe agus a choimeádann sraith iomlán cuntas, meastar gur aonaid institiúideacha iad fiú má rinne siad a n-uathriail cinnteoireachta a ghéilleadh i bpáirt don chomhlacht lárnach (an cheannoifig) atá freagrach as stiúradh ginearálta an ghrúpa; meastar go bhfuil an cheannoifig féin ina haonad institiúideach ar leithligh ó na haonaid atá faoina rialú;
 - (f) is eintitis iad samhailchorparáidí a choimeádann sraith iomlán cuntas agus níl aon stádas dlíthiúil acu. Tá a n-íompraíocht eacnamaíoch agus airgeadais éagsúil le hionpraíocht a n-úinéirí agus cosúil le hionpraíocht corparáidí. Meastar go bhfuil uathriail cinnteoireachta acu agus gur aonaid institiúideacha ar leithligh iad.

Ceannoifigí agus cuideachtaí sealbhaíochta

2.14 Is aonaid institiúideacha iad ceannoifigí agus cuideachtaí sealbhaíochta. Seo a leanas an dá chineál atá ann:

- (a) Is aonad í an cheannoifig a rialaíonn a fochorparáidí ó thaobh na bainistíochta de. Aicmítear ceannoifigí in earnáil cheannasach corparáidí neamhairgeadais a bhfochorparáidí, ach amháin más corparáidí airgeadais iad na fochorparáidí ar fad, nó a bhformhór, agus sa chás sin, láimhseáiltear iad mar chorparáidí cúntacha airgeadais (S.126) in earnáil na gcorparáidí airgeadais.

I gcás ina bhfuil meascán d'fhochorparáidí neamhairgeadais agus d'fhochorparáidí airgeadais ann, is í an chatagóir is tábhachtaí de réir breisluacha a chinneann aicmiú na hearnála.

Déantar cur síos ar na ceannoifigí faoin Aicmiúchán Idirnáisiúnta Caighdeánach Tionsclaíoch (ISIC Rev. 4), Roinn M, aicme 7010 (NACE Rev. 2 M 70.10) mar seo a leanas:

Áirítear san aicme seo maoirsiú agus bainistíocht aonaid eile na cuideachta nó an ghnóthais; pleanáil straitéiseach nó eagraíochtúil a dhéanamh agus ról cinnteoireachta na cuideachta nó an ghnóthais a ghlacadh; rialú oibríochtúil a fheidhmiú agus oibríocht laethúil a n-aonad gaolmhar a bhainistiú.

- (b) Is institiúid airgeadais faoi chuing (S.127) í cuideachta shealbhaíochta a bhfuil sócmhainní fochorparáidí ina seilbh aici ach nach dtugann faoi aon ghníomhaíocht bainistíochta agus aicmítear mar chorparáid airgeadais í.

Déantar cur síos ar chuideachtaí sealbhaíochta faoi ISIC Rev. 4, Roinn K, aicme 6420 (NACE Rev. 2 K 64.20) mar seo a leanas:

Áirítear san aicme seo gníomhaíochtaí cuideachtaí sealbhaíochta, i.e. aonaid a bhfuil sócmhainní grúpa fochorparáidí ina seilbh acu (a bhfuil úinéireacht acu ar leibhéal rialaithe cothromais) agus arb í úinéireacht an ghrúpa a bpríomhghníomhaíocht. Ní sholáthraíonn na cuideachtaí sealbhaíochta san aicme seo aon seirbhís eile de na gnóthais a bhfuil seilbh acu ar an gcothromas, i.e. ní dhéanann siad aonaid eile a riar ná a bhainistiú.

Grúpaí corparáidí

- 2.15 Cruthaítear grúpaí móra corparáidí nuair a rialaíonn máthairchorparáid roinnt fochorparáidí, ar fochorparáidí iad a fhéadfaidh a bhfochorparáidí féin a rialú, agus mar sin de. Déantar gach ball den ghrúpa a láimhseáil mar aonad institiúideach ar leithligh má shásaíonn sé an sainmhíniú i dtaobh aonaid institiúidigh.
- 2.16 Buntáiste a bhaineann le gan grúpaí corparáidí a láimhseáil mar aonaid institiúideacha aonair is ea nach mbíonn na grúpaí i gcónaí cobhsaí le himeacht ama ná nach mbíonn siad inaitheanta go héasca sa chleachtas. Féadfaidh deacracht bheith ag baint le sonraí a fháil i dtaobh grúpaí nach bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí comhtháite go dlúth. Tá roinnt mhaith grúpaí rómhór agus ró-ilchineálach le gur féidir iad a láimhseáil mar aonaid aonair, agus féadfaidh méid agus comhdhéanamh na ngrúpaí sin athrú le himeacht ama de bharr cumasc agus táthcheangal.

Eintitis shainchuspóireacha

- 2.17 Is éard is eintiteas sainchuspóireach (ESC) nó meán sainchuspóireach (MSC) ann, de ghnáth, cuideachta theoranta nó comhpháirtíocht theoranta a chruthaítear chun cuspóirí teoranta, sonracha nó sealadacha a chomhlíonadh, d'fhonn riosca airgeadais nó riosca sonrach cánach nó rialaitheach a aonrú.
- 2.18 Níl aon sainmhíniú coitianta ar ASC, ach is saintréithe coitianta iad na saintréithe seo a leanas:
- (a) ní bhíonn fostaithe ná sócmhainní neamhairgeadais acu;
 - (b) is beag an láithreachth fhisiciúil a bhíonn acu, seachas “pláta práis” nó comhartha a dhearbhaíonn a n-áit chlárúcháin;
 - (c) bíonn baint acu i gcónaí le corparáid eile, mar fhochorparáid go minic;
 - (d) bíonn siad cónaitheach i gcríoch nach í críoch chónaitheach na gcorparáidí gaolmhara í. Cheal aon láithreachth fhisiceach i gcás gnóthais, socraítear a áit chónaithe de réir na críche eacnamaíche a bhfuil an gnóthas corpraithe nó cláraithe faoina dlíthe;
 - (e) bíonn siad faoi bhainistiú fostaithe corparáide eile, corparáid ghaolmhar nó corparáid nach bhfuil gaolmhar. Íocann an ASC táillí as seirbhísí a sholáthraítear dó, agus gearrann sé táille ar an máthairchorparáid nó ar chorparáid ghaolmhar eile chun na costais sin a chlúdach. Is é sin an t-aon táirgeadh a bhfuil baint ag an ASC leis cé go dtarlóidh sé go minic go dtabhófar dliteanas thar ceann a úinéara agus, de ghnáth, gheobhaidh sé ioncam ó infheistíocht agus gnóthachain sealúchais ar na sócmhainní atá ina seilbh aige.
- 2.19 Is cuma má tá na sainghnéithe sin ar fad, nó nach bhfuil aon cheann díobh, ag aonad, nó is cuma má dhéantar cur síos air mar ASC nó má thugtar ainm cosúil eile air, láimhseáiltear é ar an mbealach céanna i gcónaí is a láimhseáiltear aonad institiúideach ar bith eile trína aicmiú in earnáil agus i dtionscal de réir a phríomhghníomhaíochta ach amháin mura bhfuil aon chearta neamhspleácha gníomhaíochta ag an ASC sin.
- 2.20 Dá bhrí sin, aicmítear institiúidí airgeadais faoi chuing, fochorparáidí saorga agus aonaid shainchuspóireacha an rialtais ghinearálta nach bhfuil aon chearta neamhspleácha gníomhaíochta acu, in earnáil an chomhlachta a bhfuil siad faoina rialú. Bíonn eisceacht ann nuair atá siad neamhchónaitheach, agus sa chás sin aithnítear iad ar leithligh ón gcomhlacht a bhfuil siad faoina rialú. I gcás an rialtais, áfach, léireofar gníomhaíochtaí na fochorparáide i gcuntais an rialtais.

Institiúidí airgeadais faoi chuing

- 2.21 Is sampla amháin d'institiúid airgeadais faoi chuing í cuideachta shealbháíochta a bhfuil úinéireacht aici ar shócmhainní fochuideachtaí. Samplaí d'aonaid eile a láimhseáiltear mar institiúidí airgeadais faoi chuing is ea aonaid a bhfuil saintréithe ASCanna iontu mar a dhéantar cur síos orthu thuas, lena n-áirítear cistí infheistíochta agus cistí pinsín agus aonaid a úsáidtear chun maoin a shealbhú agus a bhainistiú thar ceann daoine aonair nó teaghlach, urrúis fiachais a eisiúint thar ceann cuideachtaí gaolmhara (féadtar “idirghabhálaí” a thabhairt ar chuideachta den sórt sin), agus feidhmeanna airgeadais eile a fheidhmiú.
- 2.22 Féadtar an leibhéal neamhspleáchais atá ag aonán ón máthairchorparáid a léiriú trí rialú substainteach éigin a fheidhmiú ar a shócmhainní agus ar a dliteanas féin, is é sin go n-íompróidh sé na rioscaí agus go bhfaighidh sé na sochair a bhaineann leis na sócmhainní agus na dliteanas sin. Aicmítear na haonaid sin in earnáil na gcorparáidí airgeadais.
- 2.23 Maidir le heintiteas den chineál sin nach féidir leis gníomhú go neamhspleách óna mháthairchorparáid agus nach bhfuil ann ach sealbhóir éighníomhach sócmhainní agus dliteanas (rud ar a dtugtar “uathphíolótú” uaireanta), ní láimhseáiltear é mar aonad institiúideach ar leithligh ach amháin má tá sé cónaitheach i ngeilleagar nach ionann é agus geilleagar na máthairchorparáide. Má tá sé cónaitheach sa gheilleagar céanna lena mháthairchorparáid, láimhseáiltear é mar “fochorparáid shaorga” mar a dhéantar cur síos air thíos.

Fochorparáidí saorga

- 2.24 Féadtar fochorparáid, atá faoi úinéireacht iomlán na máthairchorparáide, a chruthú chun seirbhísí a sholáthar don mháthairchorparáid, nó do chorparáidí eile sa ghrúpa céanna, d'fhonn cánacha a sheachaint, dliteanas a íoslághdú i gcás féimheachta, nó buntáistí teicniúla eile a urrú faoin reachtaíocht cánach nó corparáide atá i bhfeidhm i dtír ar leith.
- 2.25 Go ginearálta, ní shásaíonn na cineálacha eintitis sin an sainmhíniú ar aonad institiúideach toisc nach bhfuil an cumas iontu gníomhú go neamhspleách ón máthairchorparáid agus féadfaidh siad bheith faoi réir srianta ar a gcumas sócmhainní atá ar a gcláir chomhardaithe a shealbhú nó a idirbheartú. Is í an mháthairchorparáid (in éineacht le corparáidí eile sa ghrúpa céanna, b'fhéidir) arb í an t-aon chliant acu í, a chinneann an leibhéal aschuir agus an praghas a fhaigheann siad air. Ní láimhseáiltear iad mar aonaid institiúideacha ar leithligh, dá bhrí sin, ach láimhseáiltear iad mar chuid lárnach den mháthairchorparáid agus déantar a gcuntais a chomhdhlúthú le cuntais na máthairchorparáide, ach amháin má tá siad cónaitheach i ngeilleagar nach ionann é agus an críoch eacnamaíoch ina bhfuil an mháthairchorparáid cónaitheach.

- 2.26 Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir fochorparáidí saorga, a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, agus aonad nach ndéanann ach gníomhaíochtaí coimhdeacha. Tá raon feidhme gníomhaíochtaí coimhdeacha teoranta do na cineálacha feidhmeanna seirbhíse atá ag teastáil ó bheagnach gach gnóthas a bheag nó a mhór, amhail áitribh níocháin, párolla na foirne a riar, nó bonneagar teicneolaíochta faisnéise a sholáthar don ghnóthas (féach Caibidil 1, mír 1.31).

Aonaid shainchuspóireacha an rialtais ghinearálta

- 2.27 Féadfaidh an rialtas ginearálta aonaid shainchuspóireacha a bhunú freisin, aonaid a bhfuil saintréithe agus feidhmeanna acu atá cosúil le saintréithe agus feidhmeanna na n-institiúidí airgeadais faoi chuing agus na bhfocorparáidí saorga. Láimhseáiltear na haonaid sin, más aonaid chónaitheacha iad, mar chuid lárnach den rialtas ginearálta agus ní mar aonaid ar leithligh. Más aonaid neamhchónaitheacha iad, láimhseáiltear iad mar aonaid ar leithligh. Léirítear aon idirbheart a dhéanann siad ar an gcoigríoch in idirbhearta comhfhreagracha arna ndéanamh leis an rialtas. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil aonad a fhaigheann iasacht ar an gcoigríoch ag tabhairt an tsuim chéanna is a fuair sé ar dtús ar iasacht don rialtas ginearálta, ar na téarmaí céanna.
- 2.28 Go hachomair, comhdhlúthaítear cuntais na nEintiteas Sainchuspóireach nach bhfuil aon chearta neamhspleácha gníomhaíochta acu le cuntais na máthairchorparáide, ach amháin má tá siad cónaitheach i ngeilleagar nach ionann é agus an geilleagar ina bhfuil an mháthairchorparáid. Tá eisceacht amháin ann ón riail ghinearálta sin, is é sin nuair a bhunaíonn an rialtas ASC neamhchónaitheach.
- 2.29 Sainmhínítear aonaid chónaitheacha bharúlacha mar seo a leanas:
- (a) na codanna sin d'aonaid neamhchónaitheacha a bhfuil lárionad príomhleasa eacnamaíoch acu (eadhon, i bhformhór na gcásanna, aonaid ina mbíonn táirgeadh eacnamaíoch ar bun acu ar feadh bliana nó níos mó) i gcríoch eacnamaíoch na tíre;
- (b) aonaid neamhchónaitheacha ina gcáil mar úinéirí talún agus/nó úinéirí foirgneamh ar chríoch eacnamaíoch na tíre, i ndáil le hidirbhearta a bhfuil tionchar acu ar an talamh sin nó ar na foirgnimh sin amháin.

Láimhseáiltear aonaid chónaitheacha bharúlacha mar aonaid institiúideacha, is cuma mura gcoimeádann siad ach cuntais pháirteacha agus is cuma mura bhfuil uathriail cinnteoireachta acu.

- 2.30 Meastar gur aonaid institiúideacha iad seo a leanas:
- (a) aonaid a bhfuil uathriail cinnteoireachta acu agus a choimeádann sraith iomlán cuntas:
1. corparáidí príobháideacha agus poiblí;
 2. comharchumainn nó comhpháirtíochtaí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha;
 3. táirgeoirí poiblí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha de bhua reachtaíochta speisialta;
 4. institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha; agus
 5. gníomhaireachtaí an rialtais ghinearálta;
- (b) aonaid a choimeádann sraith iomlán cuntas agus a mheastar uathriail cinnteoireachta a bheith acu ainneoin nach bhfuil aon chorprú leithleach ón máthairchorparáid i gceist: samhailchorparáidí;
- (c) aonaid nach gcoimeádann sraith iomlán cuntas de ghnáth, ach a mheastar uathriail cinnteoireachta a bheith acu:
- teaghlaigh;
- aonaid chónaitheacha bharúlacha.

NA HEARNÁLACHA INSTITIÚIDEACHA


- 2.31 Ní dhéanann anailís mhaireacnamaíoch gníomhaíochtaí gach aonaid institiúidigh a mheas ar bhonn leithleach — meastar gníomhaíochtaí comhiomlánaithe institiúidí de chineálacha cosúla. Dá bhrí sin, comhthiomsaítear na haonaid i ngrúpaí dá ngairtear earnálacha institiúideacha agus foroinntear cuid de na hearnálacha sin i bhfo-earnálacha.

Tábla 2.1 — Earnálacha agus fo-earnálacha

Earnálacha agus fo-earnálacha:			Poiblí	Priobháideach náisiúnta	Faoi rialú eachtrach	
Corparáidí neamhairgeadais		S.11	S.11001	S.11002	S.11003	
Corparáidí airgeadais		S.12				
Institiúidí airgeadais airgeadaíochta (IAAanna)	An Banc Ceannais	S.121				
	Institiúidí airgeadais airgeadaíochta eile (IAA eile)	Corparáidí glactha taisce, ach amháin an banc ceannais	S.122	S.12201	S.12202	S.12203
		Cistí margaidh airgid (CMAanna)	S.123	S.12301	S.12302	S.12303
Corparáidí airgeadais cé is moite de IAAanna agus corparáidí árachais agus cistí pinsin (CÁCP-anna)	Cistí infheistíochta neamh-CMA	S.124	S.12401	S.12402	S.12403	
	Idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin	S.125	S.12501	S.12502	S.12503	
	Corparáidí cúntacha airgeadais	S.126	S.12601	S.12602	S.12603	
	Institiúidí airgeadais agus iasachtóirí faoi chuing	S.127	S.12701	S.12702	S.12703	
CACP	Corparáidí árachais (CA)	S.128	S.12801	S.12802	S.12803	
	Cistí pinsin (CP)	S.129	S.12901	S.12902	S.12903	
An rialtas ginearálta		S.13				
An rialtas láir (gan cistí slándála sóisialta a áireamh)		S.1311				
An rialtas stáit (gan cistí slándála sóisialta a áireamh)		S.1312				
An rialtas áitiúil (gan cistí slándála sóisialta a áireamh)		S.1313				
Cistí slándála sóisialta		S.1314				
Teaghlaigh		S.14				
Fostóirí agus oibríthe féinchuntais		S.141+ S.142				
Fostaithe		S.143				
Faightheoirí ioncaim ó mhaoín agus ó aistríthe		S.144				
Faightheoirí ioncaim ó mhaoín		S.1441				
Faightheoirí pinsin		S.1442				
Faightheoirí aistríthe eile		S.1443				
Institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh		S.15				
An chuid eile den domhan		S.2				
Ballstáit agus Institiúidí agus Comhlachtaí an Aontais Eorpaigh		S.21				
Ballstáit an Aontais Eorpaigh		S.211				
Institiúidí agus Comhlachtaí an Aontais Eorpaigh		S.212				
Tíortha nach Ballstáit iad agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil cónaitheach san Aontas Eorpach		S.22				

- 2.32 Grúpáiltear i ngach earnáil agus fo-earnáil na haonaid institiúideacha sin a mbaineann iompraíocht eacnamaíoch chosúil leo.

Léaráid 2.1 — Aonaid a aicmiú de réir earnálacha



- 2.33 Grúpáiltear i ngach earnáil agus fo-earnáil na haonaid institiúideacha sin a mbaineann iompraíocht eacnamaíoch chosúil leo.

- 2.34 Is éard a thaispeántar i Léaráid 2.1 an bealach a aicmítear aonaid sna príomhearnálacha. D'fhonn earnáil aonad atá cónaitheach agus nach teaghlach é a chinneadh, de réir na léaráide, is riachtanach a chinneadh ar dtús an bhfuil sé faoi rialú an rialtais ginearálta nó nach bhfuil, agus an tairgeoir margaidh nó tairgeoir neamh-mhargaidh é.

- 2.35 Sainmhínear rialú ar chorparáid airgeadais nó ar chorparáid neamhairgeadais mar an cumas beartas ginearálta corparáideach a chinneadh, mar shampla trí stiúirthóirí iomchuí a roghnú más gá.
- 2.36 Deirtear go bhfuil aonad institiúideach aonair (corparáid eile, teaghlach, institiúid neamhbhrabúis nó aonad rialtais) ag rialú corparáide nó samhailchorparáide má tá breis is leath de na scaireanna le ceart vótála faoi úinéireacht aige nó trí rialú a fháil, ar shlí eile, ar bhreis is leath de chumhacht vótála na scairsealbhóirí.
- 2.37 D'fhonn breis is leath de chumhacht vótála na scairsealbhóirí a rialú, ní gá d'aonad institiúideach aon cheann de na scaireanna le ceart vótála a bheith faoi úinéireacht aige féin. D'fhéadfadh corparáid áirithe, corparáid C, a bheith ina fochorparáid de chorparáid eile B a mbeadh tromlach a scaireanna le ceart vótála faoi úinéireacht an tríú corparáid A. Deirtear go bhfuil corparáid C ina fochorparáid de chorparáid B i gcás ina bhfuil breis is leath de chumhacht vótála na scairsealbhóirí i gcorparáid C faoi rialú corparáid B nó gur scairsealbhóir i gcorparáid C í corparáid B ag a bhfuil an ceart tromlach de stiúirthóirí corparáid C a cheapadh nó a chur as oifig.
- 2.38 Bíonn corparáid faoi rialú an rialtais ghinearálta mar thoradh reachtaíochta, foraithe nó rialacháin speisialta lena dtugtar de chumhacht don rialtas beartas corparáideach a chinneadh. Is iad na táscairí seo a leanas a thugtar na príomhfachtóirí atá le meas agus cinneadh á dhéanamh faoina bhfuil corparáid faoi rialú rialtais:
- (a) úinéireacht rialtais ar thromlach an leasa vótála;
 - (b) an bord nó an comhlacht rialaithe a bheith faoi rialú rialtais;
 - (c) ceapadh agus cur as oifig príomhphearsanra a bheith faoi rialú rialtais;
 - (d) príomhchoistí san eintiteas a bheith faoi rialú rialtais;
 - (e) seilbh an rialtais ar scair órga;
 - (f) rialacháin speisialta;
 - (g) rialtas mar chustaiméir ceannasach;
 - (h) iasacht a fháil ón rialtas.
- Féadfaidh gur leor táscaire amháin chun rialú a bhunú, ach, i gcásanna eile, féadfaidh líon áirithe táscairí leithleacha le chéile rialú a thabhairt le fios.
- 2.39 Maidir le hinstitiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha, is iad na cúig tháscaire seo a leanas atá le meas maidir le rialú:
- (a) oifigigh a cheapadh;
 - (b) forálacha ionstraimí cumasaithe;
 - (c) comhaontuithe conarthacha;
 - (d) an leibhéal maoinithe;
 - (e) an leibhéal neamhchosanta ar riosca don rialtas.
- Amhail i gcás corparáidí, féadfaidh sé gur leor táscaire amháin chun rialú a bhunú i gcásanna áirithe, ach i gcásanna eile, féadfaidh líon áirithe táscairí leithleacha le chéile rialú a thabhairt le fios.
- 2.40 Maidir le difreáil a dhéanamh idir tréithe margaidh agus tréithe neamh-mhargaidh, agus dá bhrí sin, i gcás eintitis na hearnála poiblí, iad a aicmiú idir earnáil an rialtais ghinearálta agus earnáil na gcorparáidí, braitheann an méid sin ar na critéir atá leagtha amach i mír 1.37.
- 2.41 Foroinntear earnáil i bhfo-earnálacha de réir na gcritéar atá ábhartha don earnáil sin; mar shampla, féadtar earnáil an rialtais a roinnt i.e. an rialtas láir, an rialtas stáit, an rialtas áitiúil agus cistí slándála sóisialta. Tugann sé sin an deis tuairisc níos beachte a thabhairt ar iompraíocht eacnamaíoch na n-aonad.

Sna cuntais ar earnálacha agus ar fho-earnálacha coimeádar taifead ar na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann leis na haonaid institiúideacha a chuimsítear faoin earnáil chuí, bíodh siad ina bpríomhghníomhaíochtaí nó ina ngníomhaíochtaí tánaisteacha.

Ní bhaineann aonad institiúideach ach le hearnáil amháin nó le fo-earnáil amháin.

- 2.42 Nuair is í príomhfheidhm an aonaid institiúidigh earraí agus seirbhísí a tháirgeadh, ní mór an cineál táirgeora a chinneadh i dtús báire, d'fhonn an t-aonad a aicmiú in earnáil.
- 2.43 Léirítear i dTábla 2.2 an cineál táirgeora agus na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhfheidhmeanna a bhaineann le gach earnáil faoi seach:

Tábla 2.2 — Cineál táirgeora agus príomhghníomhaíochtaí agus príomhfheidhmeanna de réir earnála

Cineál táirgeora	Príomhghníomhaíocht agus príomhfheidhm	Earnáil
Táirgeoir margaidh		Corparáidí neamhairgeadais (S.11)
Táirgeoir margaidh	Táirgeadh seirbhísí neamhairgeadais agus earraí chun críoch margaidh	Corparáidí airgeadais (S.12)
Táirgeoir neamh-mhargaidh	Táirgeadh agus aschuir neamh-mhargaidh le haghaidh tomhaltais aonair nó tomhaltais chomhchoiteann, agus idirbhearta a dhéanamh atá beartaithe chun ioncam náisiúnta agus rachmas a a athdháileadh	Rialtas ginearálta (S.13)
Táirgeoir poiblí neamh-mhargaidh	Tomhaltas Táirgeadh aschuir margaidh agus aschuir chun críche úsáide críochnaithí dílse	Teaghlaigh i gcáil tomhaltóirí (S.14) I gcáil fiontraithe
Táirgeoir príobháideach neamh-mhargaidh.	Táirgeadh agus aschuir neamh-mhargaidh agus aschuir chun críche haghaidh tomhaltais aonair	Institiúidí neamhbhrabúis a fhóinnann do theaghlaigh (S.15)

- 2.44 Tagraíonn earnáil na coda eile den domhan (S.2) do shreafaí agus do shuíomhanna idir aonaid chónaitheacha agus aonaid neamhchónaitheacha. Níl cuspóirí cosúla ná cineálacha iompraíochta cosúla ag aonaid neamhchónaitheacha, ach aithnítear iad de réir a sreafaí agus a suíomhanna idir aonaid chónaitheacha.

Corparáidí neamhairgeadais (S.11)

- 2.45 *Sainmhíniú:* is éard atá in earnáil na gcorparáidí airgeadais (S.11) aonaid institiúideacha ar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha agus táirgeoirí margaidh, arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí airgeadais a tháirgeadh. Tá samhailchorparáidí neamhairgeadais ar áireamh in earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais freisin. (Féach mír 2.13(f)).
- 2.46 Is iad seo a leanas na haonaid institiúideacha atá i gceist:
- corparáidí príobháideacha agus poiblí ar táirgeoirí margaidh iad arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh;
 - comharchumainn agus comhpháirtíochtaí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha agus ar táirgeoirí margaidh iad arb é a bpríomhghníomhaíocht earraí agus seirbhísí neamhairgeadais agus a tháirgeadh;
 - táirgeoirí poiblí atá aitheanta mar aonáin dhlíthiúla neamhspleácha agus ar táirgeoirí margaidh iad arb é a bpríomhghníomhaíocht earraí agus seirbhísí neamhairgeadais a tháirgeadh;
 - institiúidí neamhbhrabúis nó comhlachtaí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha agus ar táirgeoirí margaidh iad arb é a bpríomhghníomhaíocht earraí agus seirbhísí neamhairgeadais agus a tháirgeadh;
 - ceannoifigí a bhfuil grúpa corparáidí ar táirgeoirí margaidh iad faoina rialú, nuair is é an cineál gníomhaíochta is tábhachtaí i measc an ghrúpa corparáidí ina iomláine — arna thomhas ar bhonn an bhreisluacha — seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh;

- (f) ASCanna a bpríomhghníomhaíocht earraí agus seirbhísí neamhairgeadais a tháirgeadh;
- (g) samhailchorparáidí príobháideacha agus poiblí ar táirgeoirí margaidh iad arb é a bpríomhghníomhaíocht earraí agus seirbhísí neamhairgeadais a tháirgeadh.
- 2.47 Is ionann “samhailchorparáidí neamhairgeadais” agus na heintitis go léir ar táirgeoirí margaidh iad arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh agus ar comhlachtaí iad a chomhlíonann na coinníollacha a cháilíonn iad mar shamhailchorparáidí (féach pointe (f) de mhír 2.13).
- Ní mór do na samhailchorparáidí neamhairgeadais a ndóthain faisnéise a choimeád chun go bhféadfar sraith iomlán cuntas a tharraingt suas, agus feidhmítear iad amhail dá mba chorparáidí iad. Is ionann an ghaolmhairacht de facto idir iad agus a n-úinéir agus an ghaolmhairacht idir corparáid agus a scairshealbhóirí.
- Grúpáiltear samhailchorparáidí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht teaghlach, aonad rialtais nó institiúidí neamhbhrabúis in éineacht le corparáidí neamhairgeadais in earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais, agus ní ghrúpáiltear in earnáil a n-úinéara iad.
- 2.48 Samhailchorparáidí príobháideacha agus poiblí ar táirgeoirí margaidh iad arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh. Ní aonaid institiúideacha ar leithligh iad na comhpháirtíochtaí agus na táirgeoirí poiblí de ghnáth, cé is moite díobh siúd a áirítear i bpointí (a), (b), (c) agus (f) de mhír 2.46 agus dílseánachtaí aonair — fiú má choimeádann siad sraith iomlán cuntas — toisc nach bhfuil uathriail cinnteoireachta acu de bharr go bhfuil a mbainistíocht faoi rialú na dteaghlach, na n-institiúidí neamhbhrabúis nó na rialtas a bhfuil siad faoina n-úinéireacht.
- 2.49 Áirítear le corparáidí neamhairgeadais aonaid chónaitheacha bharúlacha a láimhseáiltear mar shamhailchorparáidí.
- 2.50 Foroinntear earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais i dtrí fho-earnáil:
- (a) corparáidí poiblí neamhairgeadais (S.11001);
- (b) corparáidí príobháideacha náisiúnta neamhairgeadais (S.11002);
- (c) corparáidí neamhairgeadais faoi rialú eachtrach (S.11003).

Fo-earnáil: Corparáidí poiblí neamhairgeadais (S.11001)

- 2.51 Sainiúmhíniú: Is éard atá i bhfo-earnáil na gcorparáidí poiblí neamhairgeadais na corparáidí neamhairgeadais, na samhailchorparáidí neamhairgeadais agus na hinstiúidí neamhbhrabúis go léir atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha agus ar táirgeoirí margaidh iad atá faoi réir a rialaithe ag aonaid rialtais.
- 2.52 Is éard is samhailchorparáidí poiblí ann samhailchorparáidí atá faoi úinéireacht dhíreach aonad rialtais.

Fo-earnáil: Corparáidí príobháideacha náisiúnta neamhairgeadais (S.11002)

- 2.53 Sainmhíniú: is éard atá i bhfo-earnáil na gcorparáidí príobháideach náisiúnta neamhairgeadais na corparáidí neamhairgeadais, na samhailchorparáidí neamhairgeadais agus na hinstiúidí neamhbhrabúis go léir atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha agus ar táirgeoirí margaidh iad nach bhfuil faoi réir a rialaithe ag aonaid rialtais ná ag aonaid institiúideacha neamhchónaitheacha.

Tá ar áireamh san fho-earnáil seo aonaid chorparáideacha agus samhailchorparáideacha infheistíochta díri eachtraí nach bhfuil aicmithe faoi fho-earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais faoi rialú eachtrach (S.11003).

Fo-earnáil: Corparáidí neamhairgeadais faoi rialú eachtrach (S.11003)

- 2.54 Sainmhíniú: is éard atá i bhfo-earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais faoi rialú eachtrach na corparáidí neamhairgeadais agus na samhailchorparáidí neamhairgeadais go léir atá faoi réir a rialaithe ag aonaid institiúideacha neamhchónaitheacha.

Áirítear san fho-earnáil seo:

- (a) fochorparáidí ar fad na gcorparáidí neamhchónaitheacha;
- (b) na corparáidí ar fad atá faoi rialú aonaid institiúidigh neamhchónaitheach nach corparáid é; mar shampla, corparáid atá faoi rialú rialtais eachtraigh. Áirítear ann corparáidí atá faoi rialú grúpa aonad neamhchónaitheach atá ag gníomhú de chomhbheart;

- (c) brainsí ar fad nó gníomhaireachtaí eile neamhchorpraithe na gcorparáidí neamhchónaitheacha nó táirgeoirí neamhchorpraithe ar aonaid chónaitheacha bharúlacha iad.

Corparáidí airgeadais (S.12)

2.55 *Sainmhíniú:* is éard atá in earnáil na gcorparáidí airgeadais (S.12) aonaid institiúideacha ar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha, agus táirgeoirí margaidh, arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí airgeadais a tháirgeadh. Is éard atá in aonaid institiúideacha den sórt sin na corparáidí agus na samhailchorparáidí ar fad arb iad a bpríomhghníomhaíochtaí:

(a) idirghabháil airgeadais (idirghabhálaithe airgeadais); agus/nó

(b) gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais (corparáidí cúntacha airgeadais).

(c) Áirítear freisin aonaid institiúideacha a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais, i gcás nach ndéantar formhór a sócmhainní ná a ndliteanas a idirbheartú ar na margáí oscailte.

2.56 Is éard is idirghabháil airgeadais ann an ghníomhaíocht ina bhfaigheann aonad institiúideach sócmhainní airgeadais agus ina dtabhaíonn sé dliteanas ar bhonn féinchuntais trí idirbhearta airgeadais a dhéanamh ar an margadh. Claoclaítear nó athphacáistítear sócmhainní agus dliteanas idirghabhálaithe airgeadais, i ndáil, mar shampla, le haibíocht, scála, riosca etc sa phróiseas idirghabhálaithe airgeadais.

Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le hidirghabháil airgeadais ach nach mbaineann le hidirghabháil airgeadais iad féin.

Idirghabhálaithe airgeadais

2.57 Aistríonn an próiseas idirghabhálaithe airgeadais cistí idir tríú páirtithe ag a bhfuil barrachas agus tríú páirtithe atá easpach i gcistí. Ní hamháin go ngníomhaíonn idirghabhálaí airgeadais i gcáil gníomhaire thar ceann na n-aonaid institiúideach eile, ach téann sé i riosca trí shócmhainní airgeadais a fháil agus trí dhliteanas a thabhu ar bhonn féinchuntais.

2.58 D'fhéadfadh gach catagóir dliteanas a bheith i gceist leis an bpróiseas idirghabhálaithe airgeadais, cé is moite de chatagóir dliteanas na gcuntas eile iníochta (AF.8). Féadfadh na sócmhainní airgeadais atá i gceist sa phróiseas idirghabhálaithe airgeadais a aicmiú i gcatagóir ar bith cé is moite de chatagóir na scéimeanna árachais agus pinsin agus na scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (AF.6) ach catagóir na gcuntas eile infhála a áireamh. Féadfaidh idirghabhálaithe airgeadais a gcistí a infheistiú i sócmhainní neamhairgeadais, lena n-áirítear eastát réadach. Chun aitheantas a fháil mar idirghabhálaí airgeadais, ba cheart do chorparáid dliteanas a thabhu ar an margadh agus cistí a chlaochlú. Ní idirghabhálaithe airgeadais iad corparáidí eastáit réadaigh.

2.59 Is éard is feidhm do chorparáidí árachais agus do chistí pinsin rioscaí a chomhthiomsú. Is scéimeanna árachais agus pinsin agus scéimeannaráthaíochta caighdeánaithe (AF.6) dliteanas institiúidí den sórt sin. Is ionann contrapháirteanna agus infheistiúchtaí arna ndéanamh ag na corparáidí árachais agus ag na cistí pinsin, agus iad ag gníomhú mar idirghabhálaithe airgeadais.

2.60 Tabhaíonn cistí infheistiúchta, dá ngairtear cistí margaidh airgid (CMAanna) agus cistí margaidh neamhairgid (neamh-CMAanna) anseo feasta, dliteanas, den chuid is mó, trí scaireanna nó aonaid i gcistí infheistiúchta a eisiúint (AF.52). Claoclaíonn siad na cistí den sórt sin trí shócmhainní airgeadais agus/nó eastát réadach a fháil mar éadail. Aicmítear cistí infheistiúchta mar idirghabhálaithe airgeadais. Léirítear aon athrú ar luach a sócmhainní agus a ndliteanas, cé is moite dá scaireanna féin, ina gcistí dílse (féach mír 7.07). Ós rud é go bhfuil suim a gcistí dílse cothrom le luach scaireanna nó aonaid an chiste infheistiúchta, léireofar aon athrú ar luach shócmhainní agus dliteanas an chiste i luach scaireanna nó aonaid den sórt sin ar an margadh. Is idirghabhálaithe airgeadais iad cistí infheistiúchta a infheistiú in eastát réadach.

2.61 Tá idirghabháil airgeadais teoranta do shócmhainní a fháil mar éadail agus dliteanas a thabhu leis an bpobal i gcoitinne nó le foghrúpaí sonracha agus réasúnta mór den phobal. I gcás ina bhfuil an ghníomhaíocht teoranta do ghrúpaí beaga daoine nó do theaghlaigh, ní tharlaíonn aon idirghabháil airgeadais.

2.62 D'fhéadfadh eisceachtaí a bheith ann ón teorannú ginearálta maidir le hidirghabháil airgeadais d'idirbhearta airgeadais ar an margadh. Samplaí iad bainc creidmheasa bhardsaigh agus bainc taise a bhíonn ag brath ar an mbardas lena mbaineann, nó corparáidí léasa airgeadais a bhraitheann ar mháthairghrúpa cuideachtaí chun cistí a fháil mar éadail nó cistí a infheistiú. Beidh a n-iasachtú nó a nglacthacht coigiltis neamhspleách ar an mbardas lena mbaineann nó ar an máthairghrúpa, agus iad á n-aicmiú mar idirghabhálaithe airgeadais.

Corparáidí cúntacha airgeadais

2.63 Cuimsítear faoi sheirbhísí cúntacha airgeadais gníomhaíochtaí cúntacha chun idirbhearta sócmhainní airgeadais agus idirbhearta dliteanas airgeadais a réadú nó chun cistí a chlaohlú nó a athphacáistiú. Ní théann corparáidí cúntacha airgeadais i riosca trí shócmhainní airgeadais a fháil mar éadail ná trí dhliteanas a thabhu. Éascaíonn siad idirghabháil airgeadais. Is corparáidí cúntacha airgeadais iad ceannoifigí ar corparáidí airgeadais a bhfochorparáidí ar fad nó a bhformhór.

Corparáidí airgeadais nach idirghabhálaithe airgeadais ná corparáidí cúntacha airgeadais iad

2.64 Is aonaid institiúideacha a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais iad corparáidí airgeadais eile, cé is moite d'idirghabhálaithe airgeadais agus corparáidí cúntacha airgeadais, i gcás nach ndéantar a sócmhainní ná a ndliteanas a idirbheartú ar na margai oscailte.

Aonaid institiúideacha atá ar áireamh in earnáil na gcorparáidí airgeadais

2.65 Is iad seo a leanas na haonaid institiúideacha atá ar áireamh in earnáil na gcorparáidí airgeadais (S.12):

- (a) corparáidí príobháideacha nó poiblí arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus/nó gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais;
- (b) comharchumainn agus comhpháirtíochtaí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus/nó gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais;
- (c) táirgeoirí poiblí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus/nó gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais;
- (d) institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus/nó gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais, nó a fhónann do chorparáidí airgeadais;
- (e) ceannoifigí i gcás ina bhfuil a bhfochorparáidí ar fad, nó a bhformhór, ina gcáil mar chorparáidí airgeadais, i mbun idirghabhála airgeadais agus/nó gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais. Aicmítear na ceannoifigí sin mar chorparáidí cúntacha airgeadais (S.126);
- (f) cuideachtaí sealbhaíochta, nuair is é an príomhról sócmhainní grúpa fochorparáidí a shealbhú. Féadfaidh gur comhdhéanamh airgeadais nó neamhairgeadais atá sa ghrúpa. Ní chuireann sé sin isteach ar aicmiú cuideachtaí sealbhaíochta mar institiúidí airgeadais faoi chuing (S.127);
- (g) ASCanna arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí airgeadais a sholáthar;
- (h) cistí infheistíochta neamhchorpraithe ina bhfuil punanna infheistíochta atá faoi úinéireacht an ghrúpa rannpháirtithe, agus a ndéanann corparáidí airgeadais eile a bhainistiú de ghnáth. Is aonaid institiúideacha iad cistí den sórt sin ar leithligh ón gcorparáidí airgeadais atá i mbun na bainistíochta.
- (i) maidir le haonaid neamhchorpraithe arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus atá faoi réir rialaithe agus maoirseachta (i bhformhór na gcásanna beidh siad aicmithe faoi fho-earnálacha na gcorparáidí glactha taisce ach amháin an banc ceannais, na gcorparáidí árachais nó na gcistí pinsin) meastar go bhfuil uathriail cinnteoireachta acu agus go bhfuil siad neamhspleách ar a n-úinéirí ó thaobh na bainistíochta de agus bíonn a n-iompraíocht eacnamaíoch agus airgeadais cosúil le hiompraíocht corparáidí airgeadais; bíonn a n-iompraíocht eacnamaíoch agus airgeadais cosúil le hiompraíocht corparáidí airgeadais. Sa chás sin, láimhseáiltear iad mar aonaid institiúideacha ar leithligh. Ar shamplaí díobh tá brainsí de chorparáidí airgeadais neamhchónaitheacha.

Fo-earnáil na gcorparáidí airgeadais

2.66 Foroinntear earnáil na gcorparáidí airgeadais sna fo-earnálacha seo a leanas:

- (a) banc ceannais (S.121);
- (b) corparáidí glactha taisce, ach amháin an banc ceannais (S.122);
- (c) cistí margaidh airgid (CMAanna) (S.123);
- (d) cistí infheistíochta neamh-CMAanna (S.124);
- (e) idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin (S.125);
- (f) corparáidí cúntacha airgeadais (S.126);
- (g) institiúidí airgeadais agus iasachtóirí faoi chuing (S.127);

(h) corparáidí árachais (S.128); agus

(i) cistí pinsin (S.129).

Fo-earnálacha corparáidí airgeadais a chomhthiomsú

- 2.67 Is éard atá sna hinstiúidí airgeadais airgeadaíochta (IAAnna) mar atá sainithe ag an BCE, na haonaid institiúideacha ar fad atá ar áireamh i bhfo-earnálacha an bhainc cheannais (S.121), i bhfo-earnálacha na gcorparáidí glactha taise, ach amháin an banc ceannais (S.122) agus i bhfo-earnálacha CMA (S.123).
- 2.68 Is éard atá sna instiúidí airgeadais airgeadaíochta eile na hidirghabhálaithe airgeadais sin trína dtarchuirtear iarmhairtí bheartas airgeadais an bhainc cheannais (S.121) chuig eintitis eile sa gheilleagar. Is iad sin corparáidí glactha taise, ach amháin an banc ceannais (S.122) agus CMA (S.123).
- 2.69 Is corparáidí árachais agus cistí pinsin (CÁCP) iad na hidirghabhálaithe airgeadais a dhéileáil le rioscaí a chomhthiomsú. Is éard atá iontu fo-earnálacha na gcorparáidí árachais (S.128) agus na gcistí pinsin (S.129).
- 2.70 Is éard atá sna corparáidí airgeadais, cé is moite de IAA agus CÁCP, fo-earnálacha na gcistí infheistíochta neamh-CMA (S.124), fo-earnálacha na n-idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin (S.125), fo-earnálacha na gcorparáidí cúntacha airgeadais (S.126) agus fo-earnálacha na n-instiúidí airgeadais agus n-iasachtóirí faoi chuing (S.127).

Fo-earnálacha corparáidí airgeadais a fhoroinnt ina gcorparáidí airgeadais poiblí, príobháideacha náisiúnta agus faoi rialú eachtrach

2.71 Cé is moite d'fho-earnáil S.121, déantar gach fo-earnáil a fhoroinnt mar seo a leanas:

- (a) corparáidí poiblí airgeadais;
- (b) corparáidí príobháideacha náisiúnta airgeadais; agus
- (c) corparáidí airgeadais faoi rialú eachtrach.

Is ionann na critéir a bhaineann leis an bhforoinnt seo agus na critéir a bhaineann le corparáidí neamhairgeadais (féach mír 2.51 go mír 2.54).

Tábla 2.3 — Earnáil na gcorparáidí airgeadais agus a fo-earnálacha

Earnálacha agus fo-earnálacha:		Poiblí	Príobháideach náisiúnta	Faoi rialú eachtrach		
Corparáidí airgeadais	S.12					
Instiúidí airgeadais airgeadaíochta (IAA)	An Banc Ceannais	S.121				
	Instiúidí airgeadais airgeadaíochta eile (IAAnna eile)	Corparáidí glactha taise, ach amháin an banc ceannais	S.122	S.12201	S.12202	S.12203
		CMA	S.123	S.12301	S.12302	S.12303
Corparáidí airgeadais cé is moite de IAA agus CÁCP	Cistí infheistíochta neamh-CMA	S.124	S.12401	S.12402	S.12403	
	Idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin	S.125	S.12501	S.12502	S.12503	
	Corparáidí cúntacha airgeadais	S.126	S.12601	S.12602	S.12603	
	Instiúidí airgeadais agus iasachtóirí faoi chuing	S.127	S.12701	S.12702	S.12703	
Corparáidí árachais agus cistí pinsin (CÁCPanna)	Corparáidí árachais (CA)	S.128	S.12801	S.12802	S.12803	
	Cistí pinsin (CP)	S.129	S.12901	S.12902	S.12903	

An Banc Ceannais (S.121)

- 2.72 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil an bhainc cheannais (S.121) na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais go léir arb é a bpríomhghníomhaíocht airgeadra a eisiúint, luach inmheánach agus seachtrach an airgeadra a choimeád agus iomlán nó codanna de chúlchistí idirnáisiúnta na tíre a shealbhú.
- 2.73 Aicmítear na hidirghabhálaithe airgeadais seo a leanas faoi fho-earnáil S.121:
- (a) an banc ceannais náisiúnta, nuair is cuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais é;
- (b) gníomhaireachtaí lárnacha airgeadaíochta de chineál poiblí go bunúsach (e.g. gníomhaireachtaí a bhainistíonn malairt eachtrach nó a eisiúint airgeadra) a choimeádann sraith iomlán cuntas agus a bhfuil uathriail cinnteoireachta acu i ndáil leis an rialtas láir. Níl ann d'aonaid institiúideacha ar leithligh nuair a fheidhmítear na gníomhaíochtaí sin laistigh den rialtas láir nó laistigh den bhanc ceannais.
- 2.74 Níl gníomhaireachtaí agus comhlachtaí, ach amháin an banc ceannais, a dhéanann rialáil nó maoirseoireacht ar chorparáidí airgeadais nó ar mhargaí airgeadais ar áireamh i bhfo-earnáil S.121. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad.

Corparáidí glactha taise, ach amháin an banc ceannais (S.122)

- 2.75 *Sainmhíniú:* áirítear san fho-earnáil corparáidí glactha taise, ach amháin fo-earnáil an bhainc cheannais (S.122) na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais go léir, seachas na cinn sin atá aicmithe faoi fho-earnáil an bhainc cheannais agus faoi fho-earnáil CMA, arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus arb é a ngnó taiscí agus/nó dlúth-ionadaigh do thaiscí a fháil ó aonaid institiúideacha, mar sin, ní amháin ó IAA agus, ar bhonn féinchuntais, iasachtaí a dheonú agus/nó infheistíocht a dhéanamh in urrúis.
- 2.76 Ní fhéadfár “bainc” a thabhairt ar chorparáidí glactha taise seachas an banc ceannais, toisc go bhféadfaí a áireamh san earnáil sin roinnt corparáidí airgeadais nach dtugann bainc orthu féin, nó roinnt corparáidí airgeadais nach bhfuil ceadaithe a leithéid a dhéanamh i dtíortha áirithe, agus d'fhéadfadh nach corparáidí glactha taise roinnt corparáidí airgeadais eile a thugann bainc orthu féin. Aicmítear na hidirghabhálaithe airgeadais seo a leanas faoi fho-earnáil S.122:
- (a) bainc thráchtála, bainc “uilíocha”, bainc “ilfhóinteacha”;
- (b) bainc taise (lena n-áirítear bainc taise iontaobhais agus bainc taise agus comhlachais iasachtaí);
- (c) institiúidí gíoró postoifige, bainc an phoist, bainc gíoró;
- (d) bainc creidmheasa tuaithe, bainc creidmheasa talmhaíochta;
- (e) bainc creidmheasa comharchumainn, comhair creidmheasa;
- (f) bainc speisialaithe (e.g. bainc mharsantacha, tithe eisiúna, bainc phríobháideacha); agus
- (g) institiúidí airgid leictreonaigh arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais.
- 2.77 Aicmítear na hidirghabhálaithe airgeadais seo a leanas faoi fho-earnáil S.122 nuair is é a ngnó cistí inaisíochta a fháil ón bpobal cibé acu i bhfoirm taiscí nó i bhfoirmeacha eile atá siad, amhail eisiúint leanúnach urrús fadtéarmach fiachais:
- (a) corparáidí atá i mbun morgáistí a dheonú (lena n-áirítear cumainn foirgníochta, bainc morgáiste agus institiúidí creidmheasa morgáiste);
- (b) institiúidí creidmheasa bhardasaigh.

In aon chás eile, aicmítear faoi fho-earnáil S.124 iad

- 2.78 Ní áirítear iad seo a leanas i bhfo-earnáil S.122:
- (a) ceannoifigí a dhéanann maoirsiú agus bainistíocht ar aonaid eile de ghrúpa atá comhdhéanta, den chuid is mó, de chorparáidí glactha taise ach amháin an banc ceannais, ach nach corparáidí glactha taise iad féin. Aicmítear na ceannoifigí den sórt sin faoi fho-earnáil S.126;

- (b) institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha a fhónann do chorparáidí glactha taisee ach nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad; agus
- (c) institiúidí airgid leictreonaigh nach é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais.

CMA (S.123)

- 2.79 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil CMA (S.123) na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais go léir, cé is moite díobh sin atá aicmithe faoi fho-earnálacha an bhainc cheannais agus na n-institiúidí creidmheasa, arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais. Is é an gnó atá acu scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta a eisiúint mar dhlúthionadaithe ar thaiscí ó aonaid institiúideacha agus, ar bhonn féinchuntais, infheistíochtaí a dhéanamh in aonaid/scaireanna cistí margaidh airgid, in urrúis ghearrthéarmacha fiachais agus/nó i dtaiscí den chuid is mó.
- 2.80 Aicmítear na hidirghabhálaithe airgeadais seo a leanas faoi fho-earnáil S.123: cistí infheistíochta lena n-áirítear iontaobhais infheistíochta, iontaobhais aonad agus scéimeanna comhinfeistíochta eile a bhfuil a scaireanna nó a n-aonad mar dhlúthionadaithe ar thaiscí.
- 2.81 Ní áirítear iad seo a leanas i bhfo-earnáil S.123:
- (a) ceannoifigí a dhéanann maoirsiú agus bainistíocht ar ghrúpa atá comhdhéanta, den chuid is mó, de CMAanna, ach nach CMAanna iad féin. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad;
 - (b) institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha a fhónann do CMAanna ach nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad.

Cistí infheistíochta neamh-CMA (S.124)

- 2.82 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na gcistí infheistíochta neamh-CMA (S.124) na scéimeanna comhinfeistíochta ar fad, cé is moite díobh sin atá aicmithe faoi fho-earnáil CMA, arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais. Is é an gnó atá acu scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta nach dlúthionadaithe ar thaiscí iad a eisiúint agus, ar bhonn féinchuntais, infheistíochtaí a dhéanamh i sócmhainní airgeadais nach sócmhainní gearrthéarmacha airgeadais iad agus i sócmhainní neamhairgeadais (eastát réadach de ghnáth) den chuid is mó.
- 2.83 Cuimsítear faoi chistí infheistíochta neamh-CMA iontaobhais infheistíochta, iontaobhais aonad agus scéimeanna comhinfeistíochta eile a mheastar nach dlúthionadaithe ar thaiscí a scaireanna nó a n-aonaid i gcistí infheistíochta;
- 2.84 Aicmítear na hidirghabhálaithe airgeadais seo a leanas faoi fho-earnáil S.124:
- (a) cistí infheistíochta neamhshonraithe a ndéantar a scaireanna nó a n-aonaid i gcistí infheistíochta, ar iarraidh ó na sealbhóirí, a athcheannach nó a fhuascailt go díreach nó go hindíreach ó shócmhainní an ghnóthais;
 - (b) cistí infheistíochta sonraithe a bhfuil caipiteal seasta scaireanna iontu, i gcás ina bhfuil ar infheisteoirí a thagann isteach sa chiste nó a fhágann é, scaireanna atá ann cheana a cheannach nó a dhíol;
 - (c) cistí infheistíochta eastáit réadaigh;
 - (d) cistí infheistíochta a infheistítear i gcistí eile (“cistí de chuid cistí”);
 - (e) cistí fáilaithe a chlúdaíonn réimse scéimeanna comhinfeistíochta, scéimeanna a mbaineann íosinfheistíocht ard, rialú éadrom agus réimse straitéisí infheistíochta leo.
- 2.85 Ní áirítear iad seo a leanas i bhfo-earnáil S.124:
- (a) cistí pinsin ar cuid d'fho-earnáil na gcistí pinsin iad;
 - (b) cistí sainchuspóireacha rialtais, dá ngairtear cistí rachmais cheannasaigh. Aicmítear cistí sainchuspóireacha rialtais mar institiúid airgeadais faoi chuing, más corparáid airgeadais iad. Cinnfear aicmiú “ciste sainchuspóireach rialtais” — eadhon mar chuid den earnáil rialtais ginearálta nó mar chuid den earnáil na corparáide airgeadais, de réir na gcritéar maidir le haonaid shainchuspóireacha an rialtais ghinearálta atá leagtha amach i mír 2.27;

- (c) ceannoifigí a dhéanann maoirsiú agus bainistíocht ar ghrúpa atá comhdhéanta, den chuid is mó, de chistí infheistíochta neamh-CMA, ach nach cistí infheistíochta iad féin. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad;
- (d) institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha a fhónann do chistí infheistíochta neamh-CMA ach nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad.

Idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin (S.125)

- 2.86 *Sainmhíniú:* is éard atá sna hidirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite d'fho-earnáil na gcorparáidí árachais agus na gcistí pinsin (S.125) na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais go léir arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais trí dhliteanais a thabhtú i bhfoirmeacha eile seachas airgeadra, taiscí agus scaireanna i gcistí infheistíochta nó i ndáil le scéimeanna árachais agus pinsin agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe ó aonaid institiúideacha.
- 2.87 Áirítear i bhfo-earnáil S.125 idirghabhálaithe airgeadais arb é maoiniú fadtéarmach a bpríomhghníomhaíocht. I bhformhór na gcásanna, déanann an aibíocht phríomha sin an fho-earnáil sin a idirdhealú ó fho-earnálacha IAAnna eile) (S.122 agus S.123). De bharr nach bhfuil ann do dhliteanais i bhfoirm scaireanna i gcistí infheistíochta nach nglactar leo mar dhlúthionadaithe ar thaiscí ná ar scéimeanna árachais agus pinsin agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe, féadfar an teorainn le fo-earnálacha na gcistí infheistíochta neamh-CMA (S.124), na gcorparáidí árachais (S.128) agus na gcistí pinsin (S.129) a chinneadh.
- 2.88 Déantar foroinnt bhreise ar na hidirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite d'earnáil na gcorparáidí árachais agus na gcistí pinsin (S.125), i bhfo-earnálacha ina bhfuil corparáidí um meáin airgeadais atá i mbun idirbheart urrúsaithe, déileálaithe urrús agus díorthach agus corparáidí airgeadais atá i mbun iasachtaithe, agus sainchorparáidí airgeadais. Léirítear an méid sin i dTábla 2.4.

Tábla 2.4 — Idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite d'earnáil na gcorparáidí árachais agus na gcistí pinsin (S.125) agus a foranna.

<p>Idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin</p> <p>Corparáidí um meáin airgeadais atá i mbun idirbheart urrúsaithe;</p> <p>Déileálaithe urrús agus díorthach;</p> <p>Corparáidí airgeadais atá i mbun iasachtaithe; agus</p> <p>Sainchorparáidí airgeadais</p>

- 2.89 Ní áirítear i bhfo-earnáil S.125 institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha a fhónann d'idirghabhálaithe airgeadais eile, ach nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad.

Corparáidí um meáin airgeadais atá i mbun idirbheart urrúsaithe

- 2.90 *Sainmhíniú:* is gnóthais atá i mbun idirbheart urrúsaithe iad corparáidí um meáin airgeadais atá i mbun idirbheart urrúsaithe. Déantar corparáidí um meáin airgeadais a chomhlíonann critéir aonaid institiúidigh a aicmiú in S.125, agus seachas sin, láimhseáiltear mar chuid lárnach den mháthairchorparáid iad.

Déileálaithe urrús agus díorthach, corparáidí airgeadais atá i mbun iasachtaithe agus sainchorparáidí airgeadais

- 2.91 Is idirghabhálaithe airgeadais féinchuntais iad déileálaithe urrús agus díorthach féinchuntais.
- 2.92 Áirítear le corparáidí airgeadais atá i mbun iasachtaithe, mar shampla, idirghabhálaithe airgeadais atá i mbun an méid seo a leanas:
- (a) léasú airgeadais;
- (b) fruilcheannach agus soláthar maoinithe pearsanta nó maoinithe tráchtála; nó
- (c) fachtóireacht.
- 2.93 Is idirghabhálaithe airgeadais iad sainchorparáidí airgeadais, mar shampla:
- (a) cuideachtaí caipitil frontair agus cuideachtaí caipitil forbartha;
- (b) cuideachtaí maoinithe onnmhairí/allmhairí; nó

- (c) idirghabhálaithe airgeadais a fhaigheann taiscí agus/nó dlúthionadaithe ar thaiscí nó a thabhaíonn iasachtaí maidir le hinstitiúidí airgeadais airgeadaíochta amháin; cuimsíonn na hidirghabhálaithe airgeadais sin tithe imréitigh na lár-chontrapháirte atá i mbun comhaontaithe athcheannaigh idir IAAnna freisin.
- 2.94 Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 ceannoifigí a dhéanann maoirsiú agus bainistíocht ar ghrúpa fochorparáidí arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus/nó gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais.

Corparáidí cúntacha airgeadais (S.126)

- 2.95 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na gcorparáidí cúntacha airgeadais (S.126) na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais go léir arb iad a bpríomhghníomhaíochtaí gníomhaíochtaí a bhfuil dlúthbhaint acu le hidirghabháil airgeadais ach nach idirghabhálaithe airgeadais iad féin.
- 2.96 Aicmítear na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais seo a leanas faoi fho-earnáil S.126:
- (a) bróicéirí árachais, riarthóirí tarrthálais agus caillroinnte, comhairleoirí árachais agus pinsean, etc.;
 - (b) bróicéirí iasachta, bróicéirí urrús, comhairleoirí infheistíochta, etc.;
 - (c) corparáidí bhainistíochta eisiúintí urrús;
 - (d) corparáidí arb é a bpríomhfheidhm billí agus ionstraimí cosúla a ráthú trí fhormhuiniú;
 - (e) corparáidí a eagraíonn ionstraimí díorthacha agus fáilaithe, amhail babhtálacha, roghanna agus todhchaíochtaí (gan iad a eisiúint);
 - (f) corparáidí a sholáthraíonn bonneagar do mhargaí airgeadais;
 - (g) údaráis lárnacha maoirseachta na n-idirghabhálaithe airgeadais agus na margaí airgeadais nuair is aonaid institiúideacha ar leithligh iad;
 - (h) bainisteoirí cistí pinsin, bainisteoirí cistí frithpháirteacha, etc.;
 - (i) corparáidí a sholáthraíonn stocmhalartú agus malairt árachais;
 - (j) institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha a fhónann do chorparáidí airgeadais ach nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu (féach pointe (d) de mhír 2.46);
 - (k) institiúidí íocaíochta (a éascaíonn íocaíochtaí idir an ceannaitheoir agus an díoltóir).
- 2.97 Áirítear freisin i bhfo-earnáil S.126 ceannoifigí ar corparáidí airgeadais iad a bhfochorparáidí ar fad nó a bhformhór.

Institiúidí airgeadais agus iasachtóirí faoi chuing (S.127)

- 2.98 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na n-institiúidí airgeadais agus na n-iasachtóirí faoi chuing (S.127) na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu ná nach soláthraíonn seirbhísí cúntacha airgeadais i gcás nach ndéantar formhór a sócmhainní ná a ndliteanas a idirbheartú ar na margaí oscailte.
- 2.99 Aicmítear na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais seo a leanas, go háirithe, faoi fho-earnáil S.127:
- (a) aonaid mar eintitis dhlíthiúla amhail iontaobhais, eastáit, cuntais gníomhaireachtaí nó cuideachtaí “pláta práis”;
 - (b) maidir le cuideachtaí sealbháíochta a bhfuil seilbh acu ar leibhéal rialaithe cothromais grúpa fochorparáidí agus arb é a bpríomhghníomhaíocht úinéireacht an ghrúpa gan seirbhís ar bith eile a sholáthar do na gnóthais a bhfuil seilbh acu ar an gcothromas, ní dhéanann siad aonaid eile a riar ná a bhainistiú;
 - (c) ASCanna atá cáilithe mar aonaid institiúideacha agus a chruinníonn cistí sna margaí oscailte, cistí a bheidh le húsáid ag a máthairchorparáid;

- (d) aonaid a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais lena gcistí dílse amháin, nó le cistí arna soláthar ag urraitheoir, do réimse cliant, agus a thabhaíonn an riosca airgeadais i gcás mhainneachtain an fhéichiúnaí. Samplaí is ea iasachtóirí airgid, corparáidí atá i mbun iasachtaí a thabhairt do mhic léinn nó le haghaidh trádála eachtraí ó chistí arna bhfáil ó urraitheoir amhail aonad rialtais nó institiúid neamhbhrabúis, agus tithe gill arb é iasachtú a bpríomhghníomhaíocht;
- (e) cistí sainchuspóireacha rialtais, dá ngairtear cistí rachmais cheannasaigh de ghnáth, má aicmítear mar chorporáidí airgeadais iad.

Corparáidí árachais (S.128)

2.100 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na gcorparáidí árachais (S.128) na corparáidí airgeadais agus na samhail-chorporáidí airgeadais go léir arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais mar thoradh ar chomhthiomsú rioscaí i bhfoirm árachais dhírigh nó athárachais den chuid is mó (féach mír 2.59).

2.101 Soláthraíonn corparáidí árachais na seirbhísí seo a leanas:

- (a) árachas saoil agus árachas neamhshaoil d'aonaid aonair nó do ghrúpaí aonad;
- (b) athárachas do chorporáidí árachais eile.

2.102 Féadfar seirbhísí corparáidí árachais neamhshaoil a sholáthar sna foirmeacha seo a leanas:

- (a) árachas dóiteáin (e.g. maoin tráchtála agus maoin phríobháideach);
- (b) dliteanas sibhialta (taismí);
- (c) árachas gluaisteáin (damáiste a dhéanann an t-áracháí féin agus dliteanas tríú páirtí);
- (d) árachas mara, eitlíochta agus iompair (lena n-áirítear rioscaí fuinnimh);
- (e) árachas tionóisce agus sláinte; nó
- (f) árachas airgeadais (ráthaíochtaí nó bannaí urra a sholáthar).

Soláthraíonn corparáidí árachais airgeadais nó corparáidí árachais creidmheasa, dá ngairtear bainc ráthaíochta freisin, ráthaíochtaí nó bannaí urra chun tacú le hurrúsú agus le táirgí creidmheasa eile.

2.103 Is aonáin chorpraithe nó eintitis fhrithpháirteacha iad corparáidí árachais den chuid is mó. Bíonn úinéireacht ag scairshealbhóirí ar eintitis chorpraithe agus liostaítear go leor acu ar stocmhalartáin. Bíonn úinéireacht ag sealbhóirí polasaithe ar aonáin fhrithpháirteacha agus gnóthaíonn siad brábúis do na sealbhóirí polasaithe “rannpháirteacha” trí bhithin díbhinní nó bónas. Bíonn úinéireacht ag corparáidí neamhairgeadais ar árachóirí “faoi chuing” de ghnáth, agus árcháíonn sin, den chuid is mó, in aghaidh rioscaí na scairshealbhóirí.

Bosca 2.1 — Cineálacha árachais

Cineál árachais		Earnáil/Fo-earnáil:
Árachas díreach	<p>Árachas saoil</p> <p>Déanann an sealbhóir polasaí íocaíochtaí rialta nó íocaíocht aonuaire le hárachóir agus, dá thoradh sin, ráthaíonn an t-árachóir go soláthróidh sé don sealbhóir polasaí suim chomhaontaithe, nó blianacht, ar dháta comhaontaithe nó níos luaithe ná sin.</p>	Corparáidí árachais
	<p>Árachais neamhshaoil</p> <p>Árachas chun rioscaí amhail tionóiscí, tinneas, dóiteán, creidmheas etc. a chumhdach</p>	Corparáidí árachais
Athárachas	<p>Árachas a cheannaíonn árachóir chun é féin a chosaint in aghaidh líon ard éileamh nach bhfuil sé ag súil leo, nó in aghaidh éileamh an-dian.</p>	Corparáidí árachais

Cineál árachais			Earnáil/Fo-earnáil:
Árachas sóisialta	Slándáil shóisialta Cuireann an rialtas ginearálta oibleagáid ar na rannpháirtithe iad féin a árachú i gcoinne rioscaí áirithe sóisialta.	Pinsin slándála sóisialta	Cistí slándála sóisialta
		Slándáil shóisialta eile	
	Scéimeanna árachais shóisialta a bhaineann le fostaíocht seachas slándáil shóisialta Féadfaidh fostóirí é a dhéanamh mar choinníoll fostaíochta go ndéanadh fostaíthe iad féin a árachú i gcoinne rioscaí áirithe sóisialta.	Pinsin a bhaineann le fostaíocht	Earnáil an fhostóra, na gcorparáidí árachais agus na gcistí pinsin nó na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh
		Scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht	

2.104 Ní áirítear iad seo a leanas i bhfo-earnáil S.128:

- (a) aonaid institiúideacha a chomhlíonann an dá chritéar atá liostaithe i mír 2.117. Aicmítear faoi fho-earnáil S.1314 iad;
- (b) ceannoifigí a dhéanann maoirsiú agus bainistíocht ar ghrúpa atá comhdhéanta, den chuid is mó, de chorparáidí árachais, ach nach corparáidí árachais iad féin. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad;
- (c) institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha a fhónann do chorparáidí árachais ach nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad.

Cistí pinsin (S.129)

- 2.105 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na gcistí pinsin (S.129) na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais go léir arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais mar thoradh ar chomhthiomsú rioscaí sóisialta agus riachtanais shóisialta na n-árachaithe (árachas sóisialta). Soláthraíonn cistí pinsin a fheidhmíonn mar scéimeanna árachais shóisialta ioncam scoir, agus is minic a sholáthraíonn siad sócmhainní i gcás báis agus míchumais freisin.
- 2.106 Níl i bhfo-earnáil S.129 ach na cistí pinsin sin a bhaineann le hárachas sóisialta ar aonaid institiúideacha iad ar leithligh ó na haonaid a chruthaíonn iad. Tá uathriail cinnteoireachta ag na cistí uathrialacha sin agus coimeádann siad sraith iomlán cuntas. Ní aonaid institiúideacha iad na cistí pinsin neamh-uathrialacha ach is cuid iad den aonad institiúideach a bhunaíonn iad.
- 2.107 Áirítear le samplaí de na rannpháirtithe i scéimeanna cistí pinsin fostaíthe i ngnóthas amháin nó i ngrúpa gnóthas, fostaíthe brainse nó tionscail, agus daoine a bhfuil an ghairm chéanna acu. Féadfaidh an méid a bheith i measc na sócmhainní atá ar áireamh sa chonradh árachais:
- (a) sochair a íoctar i ndiaidh bhás an árachaí leis an mbaintreach/baintreach fir agus leis na leanaí;
 - (b) sochair a íoctar tar éis scoir; nó
 - (c) íoctar leis an árachaí i gcás míchumais.
- 2.108 I dtíortha áirithe, féadfaidh corparáidí árachais saoil na rioscaí sin go léir a árachú agus féadfár iad a árachú trí chistí pinsin chomh maith. I dtíortha eile, éilítear go n-árachófar roinnt de na haicmí rioscaí sin trí chorparáidí árachais saoil. Murab ionann le corparáidí árachais saoil, tá na cistí pinsin srianta, de réir an dlí, do ghrúpaí sonracha fostaíthe agus do dhaoine féinfhostaithe.
- 2.109 Féadfaidh fostóirí nó an rialtas ginearálta scéimeanna cistí pinsin a eagrú. Féadfaidh corparáidí árachais iad a eagrú freisin thar ceann fostóirí; nó féadtar aonaid institiúideacha ar leithligh a bhunú chun na sócmhainní a shealbhú agus a bhainistiú, sócmhainní a bheidh le húsáid chun na teidlíochtaí pinsean a chomhlíonadh agus chun na pinsin a leithdháileadh.
- 2.110 Ní áirítear iad seo a leanas i bhfo-earnáil S.129:
- (a) aonaid institiúideacha a chomhlíonann an dá chritéar atá liostaithe i mír 2.117. Aicmítear faoi fho-earnáil S.1314 iad;

- (b) ceannoifigí a dhéanann maoirsiú agus bainistíocht ar ghrúpa atá comhdhéanta, den chuid is mó, de chistí pinsin, ach nach cistí pinsin iad féin. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad;
- (c) institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha a fhónann do chistí pinsin ach nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu. Aicmítear faoi fho-earnáil S.126 iad.

An rialtas ginearálta (S.13)

2.111 *Sainmhíniú:* is éard atá in earnáil an rialtais ghinearálta (S.13) aonaid institiúideacha arb ionann iad agus táirgeoirí neamh-mhargaidh a bhfuil a n-aschur beartaíthe do thomhaltas aonair agus do thomhaltas comhchoiteann, agus a mhaoinítear le híocaíochtaí éigeantacha arna ndéanamh ag aonaid a bhaineann le hearnálacha eile, agus aonaid institiúideacha arb é a bpríomhghníomhaíocht ioncam náisiúnta agus rachmas a athdháileadh.

2.112 Is iad seo a leanas mar shampla na haonaid institiúideacha atá ar áireamh in earnáil S.13:

- (a) aonaid den rialtas ginearálta a bhfuil ann dóibh de bharr próisis dhlíthiúil maidir le húdarás breithiúnach a bheith acu ar aonaid eile sa chríoch eacnamaíoch, agus a dhéanann grúpa gníomhaíochtaí a riar agus a mhaoiníú, nuair is é príomhghníomhaíocht an ghrúpa sin earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh atá beartaíthe chun leasa an phobail a sholáthar;
- (b) corparáid nó samhailchorparáid ar aonad rialtais í, más ionann a haschur agus aschur neamh-mhargaidh den chuid is mó, agus má tá sí faoi rialú aonaid rialtais;
- (c) institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha ar táirgeoirí neamh-mhargaidh iad agus atá faoi rialú an rialtais ghinearálta;
- (d) cistí pinsin uathrialacha, i gcás ina bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ann ranníocaíocht a dhéanamh agus i gcás ina mbainistíonn an rialtas ginearálta na cistí maidir le ranníocaíochtaí agus sochair a shocrú nó a fhorpheas.

2.113 Foroinntear earnáil an rialtais ghinearálta i gceithre fho-earnáil:

- (a) an rialtas láir (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1311);
- (b) an rialtas stáit (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1312);
- (c) an rialtas áitiúil (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1313);
- (d) cistí slándála sóisialta (S.1314).

An rialtas láir (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1311)

2.114 *Sainmhíniú:* áirítear san fho-earnáil seo na ranna riaracháin go léir sa stát agus na gníomhaireachtaí lárnaigh eile a síneann a n-inniúlacht go hiondúil feadh na críche eacnamaíche iomláine, ach amháin i gcás cistí slándála sóisialta a riar.

Áirítear i bhfo-earnáil S.1311 na hinstitiúidí neamhbhrabúis sin atá á rialú ag an rialtas láir agus a síneann a n-inniúlacht feadh na críche eacnamaíche iomláine.

Aicmítear in S.1311 eagraíochtaí rialála an mhargaidh arb iad amháin a dháileann fóirdheontais nó arb iad is mó a dháileann fóirdheontais. Aicmítear faoi earnáil S.11 na heagraíochtaí sin arb é an t-aon ghníomhaíocht nó an phríomhghníomhaíocht acu táirgí talmhaíochta nó táirgí bia a cheannach, a shealbhú agus a dhíol.

An rialtas stáit (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1312)

2.115 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na cineálacha riaracháin phoiblí den sórt sin arb ionann iad agus aonaid institiúideacha ar leithligh atá ag feidhmiú roinnt feidhmeanna rialtais, ach amháin i gcás cistí slándála sóisialta a riar, ar leibhéal níos ísle ná an rialtas láir agus ar leibhéal níos airde ná na haonaid institiúideacha rialtais atá ann ar an leibhéal áitiúil.

Áirítear i bhfo-earnáil S.1312 na hinstitiúidí neamhbhrabúis sin atá faoi rialú rialtas stáit agus a bhfuil a n-inniúlacht teoranta do chríocha eacnamaíochta na stát sin.

An rialtas áitiúil (gan cistí slándála sóisialta a áireamh) (S.1313)

2.116 *Sainmhíniú:* áirítear san fho-earnáil seo na cineálacha riaracháin phoiblí sin nach bhfuil faoina n-inniúlacht ach cuid áitiúil den chríoch eacnamaíoch, cé is moite de ghníomhaireachtaí áitiúla na gcistí slándála sóisialta.

Áirítear i bhfo-earnáil S.1313 na hinstiúidí neamhbhrabúis sin atá faoi rialú rialtas áitiúil agus a bhfuil a n-inniúlacht teoranta do chríocha eacnamaíocha na rialtas áitiúil.

Cistí slándála sóisialta (S.1314)

2.117 *Sainmhíniú:* áirítear i bhfo-earnáil na gcistí slándála sóisialta na haonaid instiúideacha láir, stáit agus áitiúla arb é a bpríomhghníomhaíocht sochair shóisialta a sholáthar agus a chomhlíonann an dá chritéar seo a leanas:

- (a) de réir an dlí nó le rialachán, tá sé de dhualgas ar ghrúpaí áirithe den daonra bheith rannpháirteach sa scéim nó ranníocaíochtaí a dhéanamh; agus
- (b) tá an rialtas ginearálta freagrach as an instiúid a bhainistiú maidir leis na ranníocaíochtaí agus na sochair a shocrú nó a fhorghas, ar bhonn neamhspleách ón ról atá aige mar chomhlacht maoirseachta nó mar fhostóir.

Ní bhíonn aon nasc díreach, de ghnáth, idir suim na ranníocaíochta a dhéanann duine agus an riosca ar a bhfuil an duine sin neamhchosanta.

Teaghlaigh (S.14)

2.118 *Sainmhíniú:* is éard atá in earnáil na dteaghlach (S.14) daoine aonair nó grúpaí daoine aonair, i gcáil tomhaltóirí agus i gcáil fiontraíthe, atá ag táirgeadh earraí chun críoch margaidh agus seirbhísí airgeadais agus neamhairgeadais (táirgeoirí margaidh) ar choinníoll nach eintitis ar leithligh a láimhseáiltear mar shamhailchorparáidí a tháirgeann na hearraí agus na seirbhísí. Tá ar áireamh san earnáil seo freisin daoine aonair nó grúpaí daoine aonair i gcáil táirgeoirí earraí agus seirbhísí neamhairgeadais chun críche úsáide críochnaithí dílse amháin.

Féadfar teaghlaigh i gcáil tomhaltóirí a shainmhíniú mar ghrúpaí beaga daoine atá in aontíos, agus a chomhthiomsaíonn a n-ioncam agus a rachmas agus a thomhlaíonn cineálacha áirithe earraí agus seirbhísí go comhchoiteann, tithíocht agus bia den chuid is mó.

Is iad seo a leanas príomhacmhainní teaghlach:

- (a) cúiteamh d'fhostaithe;
- (b) ioncam ó mhaoin;
- (c) aistrithe ó earnálacha eile;
- (d) fáiltais maidir le díúscairt táirgí margaidh; agus
- (e) fáiltais bharúlacha maidir le haschur táirgí chun críche tomhaltais dhílis.

2.119 Áirítear iad seo a leanas in earnáil na dteaghlach:

- (a) daoine aonair nó grúpaí daoine aonair arb é tomhaltas a bpríomhfheidhm;
- (b) daoine a bhfuil buanchónaí orthu in instiúidí agus nach bhfuil mórán uathrialach acu nó nach bhfuil uathriaíl ar bith acu maidir le gníomhaíocht nó cinneadh i gcúrsaí eacnamaíocha (e.g. baill d'oidre rialta a bhfuil cónaí orthu i mainistreacha, othair fhadtéarmacha in ospidéal, príosúnaithe atá ag cur isteach pianbheirtheanna fada, daoine aosta a bhfuil buanchónaí orthu i dtithe scoir). Féachtar ar na daoine sin mar aonad instiúideach amháin: teaghlach amháin;
- (c) daoine aonair nó grúpaí daoine aonair arb é tomhaltas a bpríomhfheidhm agus a tháirgeann earraí agus seirbhísí neamhairgeadais chun críche úsáide críochnaithí dílse; ní áirítear ach dhá chatagóir seirbhísí a tháirgtear chun críche tomhaltais dhílis laistigh den chóras: seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe agus seirbhísí tí arna dtáirgeadh ag fostaíthe ar íocaíocht;
- (d) dílseánachtaí aonair agus comhpháirtíochtaí gan stádas dlíthiúil — seachas iad siúd a láimhseáiltear mar shamhailchorparáidí — agus ar táirgeoirí margaidh iad; agus

- (e) institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh, nach bhfuil stádas dlíthiúil neamhspleách acu, nó na hinstiúidí sin a bhfuil stádas dlíthiúil neamhspleách acu, ach nach bhfuil mórán tábhachta ag baint leo.

2.120 I CCE 2010, foroinntear earnáil na dteaghlach sna fo-earnálacha seo a leanas:

- (a) fostóirí (S.141) agus oibrithe féinchuntais (S.142);
- (b) fostaithe (S.143);
- (c) faighteoirí ioncaim ó mhaoín (S.1441);
- (d) faighteoirí pinsean (S.1442);
- (e) faighteoirí ioncaim ó aistrithe eile (S.1443).

2.121 Aicmítear teaghlaigh i bhfo-earnálacha de réir na catagóire ioncaim is airde (ioncam fostóirí, cúiteamh d'fhostaithe, etc.) don teaghlach ar an iomlán. I gcás ina bhfaightear níos mó ná ioncam amháin ó chatagóir áirithe sa teaghlach céanna, bíonn an t-aicmiú bunaithe ar ioncam iomlán an teaghlaigh i ngach catagóir.

Fostóirí agus oibrithe féinchuntais (S.141 agus S.142)

2.122 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na bhfostóirí agus na n-oibrithe féinchuntais grúpa teaghlach arb é an fhoinsé ioncaim is mó don teaghlach ar an iomlán ioncam (meastha) (B.3) arna fhabhrú chuig úinéirí gnóthas neamhchorpraithe teaghlaigh óna ngníomhaíochtaí i gcáil táirgeoirí margaidh, is cuma má tá fostaithe ar íocaíocht i gceist nó nach bhfuil, fiú mura dtugann sé cuntas ar níos mó ná leath d'ioncam iomlán an teaghlaigh.

Fostaithe (S.143)

2.123 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na bhfostaithe an grúpa teaghlach arb é an fhoinsé ioncaim is mó don teaghlach ar an iomlán an t-ioncam arna fhabhrú ó chúiteamh d'fhostaithe (D.1).

Faighteoirí ioncaim ó mhaoín (S.1441)

2.124 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na bhfaighteoirí ioncaim ó mhaoín grúpa teaghlach arb é an fhoinsé ioncaim is mó don teaghlach ar an iomlán ioncam ó mhaoín (D.4).

Faighteoirí pinsean (S.1442)

2.125 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na bhfaighteoirí pinsean grúpa teaghlach arb é an fhoinsé ioncaim is mó don teaghlach ar an iomlán an t-ioncam arna fhabhrú ó phinsin.

Is éard atá i dteaghlaigh pinsin, teaghlaigh arb é an fhoinsé ioncaim is mó do na teaghlaigh pinsin scoir nó pinsin eile, lena n-áirítear pinsin ó iarfhostóirí.

Faighteoirí ioncaim ó aistrithe eile (S.1443)

2.126 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhfo-earnáil na bhfaighteoirí ioncaim ó aistrithe eile grúpa teaghlach arb é an fhoinsé ioncaim is mó don teaghlach ar an iomlán an t-ioncam arna fhabhrú ó aistrithe reatha eile.

Is éard is aistrithe reatha eile ann na haistrithe reatha go léir seachas ioncam ó mhaoín, pinsin agus ioncam daoine a bhfuil buanchónaí orthu in institiúidí.

2.127 Mura bhfuil faisnéis faoi ranníocaíochtaí coibhneasta fhoinsí ioncaim an teaghlaigh ar an iomlán ar fáil chun críocha fo-earnálaithe, úsáidtear ioncam an duine tagartha chun críocha aicmithe. Is é duine tagartha an teaghlaigh an duine leis an ioncam is mó. Mura bhfuil an t-eolas sin ar fáil, úsáidtear ioncam an duine a dhearbhaíonn gurb é/í an duine tagartha chun críocha fo-earnálaithe teaghlach.

2.128 Is féidir critéir eile a úsáid chun teaghlaigh a fho-earnáil e.g. miondealú ar theaghlaigh i gcáil fiontraithe de réir gníomhaíochta: teaghlaigh talmhaíochta agus teaghlaigh neamhthalmhaíochta.

Institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (S.15)

- 2.129 *Sainmhíniú:* is éard atá in earnáil na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (INBFTanna) (S.15) institiúidí neamhbhrabúis ar eintitis dhlíthiúla ar leithligh iad, a fhónann do theaghlaigh agus ar táirgeoirí príobháideacha neamh-mhargaidh iad. Is iad a bpríomhacmhainní ranníocaíochtaí deonacha in airgead nó i gcomhchineál ó theaghlaigh ina gcáil mar thomhaltóirí, ó íocaíochtaí arna ndéanamh ag rialtas ginearálta agus ó ioncam ó mhaoin.
- 2.130 I gcás nach bhfuil mórán tábhachta le hinstitiúidí den sórt sin, ní áirítear san earnáil INBFT iad, ach áirítear in earnáil na dteaghlach (S.14) iad, toisc nach féidir a n-idirbhearta a idirdhealú ó aonaid san earnáil sin. Aicnítear INBFTanna neamh-mhargaidh faoi rialú an rialtais ghinearálta in earnáil an rialtais ghinearálta (S.13).

Áirítear san earnáil INBFT na príomhchineálacha INBFTanna seo a leanas a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh do theaghlaigh:

- (a) ceardchumainn, cumainn ghairmiúla nó cumainn léannta, comhlachais tomhaltóirí, páirtithe polaitiúla, eaglaisí nó pobail reiligiúnacha (lena n-áirítear na cumainn sin atá á maoiniú ach nach bhfuil faoi rialú rialtais), agus clubanna sóisialta, cultúrtha, caithimh aimsire agus spóirt; agus
- (b) carthanais, eagraíochtaí fóirithinte agus eagraíochtaí cúnaimh arna maoiniú trí aistriú deonacha in airgead nó i gcomhchineál ó aonaid institiúideacha eile.

Áirítear in earnáil S.15 carthanais, gníomhaireachtaí fóirithinte nó gníomhaireachtaí cúnaimh a fhónann d'aonaid neamhchónaitheacha agus ní áirítear inti na heintitis sin a dtugann a mballraíocht an ceart dóibh réimse réamhdhearbhaithe earraí agus seirbhísí a fháil.

An chuid eile den domhan (S.2)

- 2.131 *Sainmhíniú:* is éard atá in earnáil na coda eile den domhan (S.2), grúpáil aonad nach bhfuil aon sainfheidhmeanna ná sainacmhainní ag baint leo, aonaid atá neamhchónaitheach a mhéad is a ndéanann siad idirbhearta le haonaid institiúideacha chónaitheacha, nó a mhéad is a bhfuil naisc eacnamaíocha eile acu le haonaid chónaitheacha. I gcuntais na coda eile den domhan tugtar dearcadh foriomlán ar na gaolmhaireachtaí eacnamaíocha a nascann an gcuideagar náisiúnta leis an gcuid eile den domhan. Áirítear institiúidí an AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.
- 2.132 Níl sé riachtanach sraith iomlán cuntas a choimeád d'earnáil na coda eile den domhan, cé go bhfuil sé áisiúil an chuid eile den domhan a thaifeadadh mar earnáil inti féin. Déantar na hearnálacha a shainiú tríd an ngeilleagar iomlán a dhí-chomhbhailiú chun grúpaí níos comhchineálaí d'aonaid institiúideacha chónaitheacha a fháil, a bheidh cosúil lena chéile maidir lena n-íompraíocht eacnamaíoch, a gcuspóirí agus a bhfeidhmeanna. Ní amhlaidh an cás maidir le hearnáil na coda eile den domhan, áfach: i gcás na hearnála sin, déantar taifead ar idirbhearta agus ar shreafaí eile de chorparáidí airgeadais agus neamhairgeadais, d'institiúidí neamhbhrabúis, de theaghlaigh agus de rialtais ghinearálta a bhfuil aonaid institiúideacha neamhchónaitheacha acu agus ar ghaolmhaireachtaí eacnamaíocha eile idir cónaitheigh agus neamhchónaitheigh, e.g. éilimh ag cónaitheigh ar neamhchónaitheigh.
- 2.133 Ní áirítear i gcuntais na coda eile den domhan ach idirbhearta a dhéantar idir aonaid institiúideacha chónaitheacha agus aonaid neamhchónaitheacha, faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas:
- (a) déantar na seirbhísí iompair (chomh fada le teorainn na tíre onnmhairíochta) arna soláthar ag na haonaid chónaitheacha i ndáil le hearraí allmhairithe a thaispeáint i gcuntais na coda eile den domhan in éineacht le úsáid allmhairí saor ar bord, cé gur aonaid chónaitheacha a tháirgeann iad;
- (b) taispeántar i gcuntais airgeadais mhionsonraithe na coda eile den domhan idirbhearta sócmhainní eachtracha idir cónaitheigh a bhaineann le hearnálacha éagsúla sa gheilleagar intíre. Ní dhéanann na hidirbhearta sin difear do staid airgeadais na tíre maidir leis an gcuid eile den domhan; déanann siad difear do ghaolmhaireachtaí eacnamaíocha ar leithligh leis an gcuid eile den domhan;
- (c) taispeántar idirbhearta dhliteanas na tíre idir neamhchónaitheigh atá i gcúrsa geografacha éagsúla sa mhiondealú geografach ar chuntais na coda eile den domhan. Cé nach ndéanann na hidirbhearta sin difear do dhliteanas foriomlán na tíre maidir leis an gcuid eile den domhan, déanann siad difear dá dliteanas i leith áiteanna éagsúla sa domhan.
- 2.134 Foroinntear earnáil na coda eile den domhan (S.2) mar seo a leanas:

- (a) Ballstáit agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh (S.21):

(1) Ballstáit an Aontais Eorpaigh (S.211);

(2) institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh (S.212);

(b) tíortha nach Ballstáit iad agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil cónaitheach san AE (S.22).

Na haonaid táirgthe a aicmiú de réir earnála de bhun na bpríomhghoirmeacha caighdeánacha dlíthiúla úinéireachta

- 2.135 Tugtar achoimre san fhorbhreathnú seo thíos agus i mír 2.31 go mír 2.44 ar na prionsabail atá mar bhonn le haicmiú na n-aonad táirgthe de réir earnála, agus úsáidtear téarmaíocht chaighdeánach chun cur síos a dhéanamh ar na príomhchineálacha institiúidí.
- 2.136 Is mar seo a leanas a aicmítear corparáidí príobháideacha agus corparáidí poiblí ar táirgeoirí margaidh iad:
- (a) na samhailchorparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh: faoi earnáil S.11 (corparáidí neamhairgeadais);
- (b) na corparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais: faoi earnáil S.12 (corparáidí airgeadais).
- 2.137 Is mar seo a leanas a aicmítear comharchumainn agus comhpháirtíochtaí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha agus ar táirgeoirí margaidh iad:
- (a) na samhailchorparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh: faoi earnáil S.11 (corparáidí neamhairgeadais);
- (b) na corparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais: faoi earnáil S.12 (corparáidí airgeadais).
- 2.138 Is mar seo a leanas a aicmítear táirgeoirí poiblí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha de bhua reachtaíochta speisialta agus ar táirgeoirí margaidh iad:
- (a) na samhailchorparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh: faoi earnáil S.11 (corparáidí neamhairgeadais);
- (b) na corparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais: faoi earnáil S.12 (corparáidí airgeadais).
- 2.139 Is mar seo a leanas a aicmítear táirgeoirí poiblí nach bhfuil aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha agus ar táirgeoirí margaidh iad:
- (a) más samhailchorparáidí iad:
1. na samhailchorparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh: faoi earnáil S.11 (corparáidí neamhairgeadais);
 2. na samhailchorparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais: faoi earnáil S.12 (corparáidí airgeadais);
- (b) murar samhailchorparáidí iad: faoi earnáil S.13 (an rialtas ginearálta), mar gur cuid lárnach iad de na haonaid a bhfuil siad faoina rialú.
- 2.140 Is mar seo a leanas a aicmítear na hinstiúidí neamhbhrabúis (comhlachais agus fondúireachtaí) atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha:
- (a) ar táirgeoirí margaidh iad agus arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh: faoi earnáil S.11 (corparáidí neamhairgeadais);
- (b) arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais: faoi earnáil S.12 (corparáidí airgeadais);
- (c) ar táirgeoirí neamh-mhargaidh iad:
1. faoi earnáil S.13 (an rialtas ginearálta), más táirgeoirí poiblí iad atá faoi rialú an rialtais ghinearálta;

2. faoi earnáil S.15 (institiúidí neamhbhrabúis) a fhónann do theaghligh, más táirgeoirí príobháideacha iad.

2.141 Is mar seo a leanas a aicmítear dílseánachtaí aonair agus comhpháirtíochtaí nach bhfuil aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha agus ar táirgeoirí margaidh iad:

(a) más samhailchorparáidí iad:

1. na samhailchorparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh: faoi earnáil S.11 (corparáidí neamhairgeadais);

2. na samhailchorparáidí sin arb é a bpríomhghníomhaíocht idirghabháil airgeadais agus gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais: faoi earnáil S.12 (corparáidí airgeadais);

(b) murar samhailchorparáidí iad, aicmítear faoi earnáil S.14, (teaghligh) iad.

2.142 Mar seo a leanas a aicmítear ceannoifigí:

(a) faoi earnáil S.11 (corparáidí neamhairgeadais), más é an cineál gníomhaíochta is tábhachtaí i measc an ghrúpa corparáidí ar táirgeoirí margaidh iad ina iomláine seirbhísí neamhairgeadais agus earraí a tháirgeadh (féach pointe (e) de mhír 2.46);

(b) faoi earnáil S.12 (corparáidí airgeadais), más idirghabháil airgeadais an cineál gníomhaíochta is tábhachtaí i measc an ghrúpa corparáidí ina iomláine (féach pointe (e) de mhír 2.65).

Déantar cuideachtaí sealbhaíochta ar sealbhóirí sócmhainní grúpa fochorparáidí iad a láimhseáil mar chorparáidí airgeadais i gcónaí. Sealbhaíonn cuideachtaí sealbhaíochta sócmhainní grúpa cuideachtaí, ach ní dhéanann siad aon ghníomhaíocht bainistíochta i ndáil leis an ngrúpa.

2.143 Léirítear na cásanna éagsúla atá liostaithe thuas i bhfoirm scéimreach i dTábla 2.5.

Tábla 2.5 — Na haonaid táirgthe a aicmiú de réir earnála de bhun na bpríomhfhoirmeacha caighdeánacha dlíthiúla úinéireachta

Cineál táirgeora Cur síos caighdeánach dlíthiúil	Táirgeoirí margaidh (earraí agus seirbhísí neamhairgeadais)	Táirgeoirí margaidh (idirghabháil airgeadais)	Táirgeoirí neamh-mhargaidh	
			Táirgeoirí poiblí	Táirgeoirí príobháideacha
Corparáidí príobháideacha agus poiblí	corparáidí neamhairgeadais (S.11)	corparáidí airgeadais (S.12)		
Comharchumainn agus comhpháirtíochtaí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha	corparáidí neamhairgeadais (S.11)	corparáidí airgeadais (S.12)		
Táirgeoirí poiblí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha de bhua reachtaíochta speisialta	corparáidí neamhairgeadais (S.11)	corparáidí airgeadais (S.12)		
Táirgeoirí poiblí nach bhfuil aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha	Iad siúd a bhfuil saintréithe samhailchorparáidí acu	corparáidí neamhairgeadais (S.11)		
	An chuid eile		an rialtas ginearálta (S.13)	
Institiúidí neamhbhrabúis atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha	corparáidí neamhairgeadais (S.11)	corparáidí airgeadais (S.12)	an rialtas ginearálta (S.13)	institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghligh (S.15)

Cineál táirgeora Cur síos caighdeánach dlíthiúil		Táirgeoirí margaidh (earraí agus seirbhísí neamhairgeadais)	Táirgeoirí margaidh (idirghabháil airgeadais)	Táirgeoirí neamh-mhargaidh	
				Táirgeoirí poiblí	Táirgeoirí príobháideacha
Comhpháir-tíochtaí atá aitheanta mar eintitis dlíthiúla neamhspleácha	Iad siúd a bhfuil saintréithe samhailchorparáidí acu	corparáidí neamhairgeadais (S.11)	corparáidí airgeadais (S.12)		
	An chuid eile	S.14 teaghlaigh	S.14 teaghlaigh		
Ceannoifigí arb é an cineál gníomhaíochta is tábhachtaí i measc an ghrúpa corparáidí atá á rialú acu	seirbhísí neamhairgeadais agus earraí	corparáidí neamhairgeadais (S.11)			
	seirbhísí airgeadais		corparáidí airgeadais (S.12)		

AONAIÐ PHRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTA ÁITIÚLA AGUS TIONSCAIL

2.144 Bíonn meascán gníomhaíochtaí ar bun, ag an am céanna, ag formhór na n-aonad institiúideach a bhíonn ag táirgeadh earraí agus seirbhísí. D'fhéadfadh príomhghníomhaíocht amháin, roinnt gníomhaíochtaí tánaisteacha agus roinnt gníomhaíochtaí coimhdeacha a bheith ar bun acu.

2.145 Tarlaíonn gníomhaíocht nuair a chuirtear acmhainní le chéile, amhail trealamh, saothar, teicnící monaraíochta, líonraí faisnéise nó táirgí, chun earraí nó seirbhísí sainiúla a chruthú. Is iad príomhthréithe gníomhaíochta: ionchur táirgí, próiseas táirgthe agus aschur táirgí.

Féadfar gníomhaíochtaí a chinneadh ach tagairt a dhéanamh do leibhéal sonrath NACE Rev. 2.

2.146 Más rud é go bhfuil níos mó ná gníomhaíocht amháin ar bun ag aonad áirithe, déantar na gníomhaíochtaí go léir nach gníomhaíochtaí coimhdeacha iad (féach Caibidil 3, mír 3.12) a rangú de réir an oll-bhreislúacha. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir an phríomhghníomhaíocht agus gníomhaíochtaí tánaisteacha ar bhonn an oll-bhreislúacha is tábhachtaí arna ghiniúint.

2.147 D'fhonn sreafaí sa phróiseas táirgthe agus in úsáid earraí agus seirbhísí a anailísiú, tá sé riachtanach aonaid a roghnú a leagann béim ar ghaolmhaireachtaí de chineál teicniúil agus eacnamaíoch. Is éard a chiallaíonn an ceanglas sin nach mór aonaid institiúideacha a dheighilt, de ghnáth, in aonaid níos lú agus níos aonchineálach maidir leis an gcineál próisis táirgthe. Tá sé beartaithe go sásóidh aonaid phríomhghníomhaíochta áitiúla an ceanglas seo ó thaobh cur chuige oibríochtúil de.

An t-aonad príomhghníomhaíochta áitiúil

2.148 *Sainmhíniú:* is éard atá san aonad príomhghníomhaíochta áitiúil (APG áitiúil) an chuid sin d'aonad príomhghníomhaíochta áitiúil (APG) a chomhfhreagraíonn d'aonad áitiúil. Tugtar "bunaíocht" ar an APG áitiúil in CCN 2008 agus in ISIC Rev. 4. Is éard atá in APG na codanna go léir d'aonad institiúideach ina cháil mar tháirgeoir a rannchuidíonn le feidhmíocht gníomhaíochta ar leibhéal aicme (ceithre dhigit) de chuid Nace Rev. 2 agus a chomhfhreagraíonn d'fhorannán oibríochtúil amháin nó níos mó den aonad institiúideach. Ní mór do chóras faisnéise an aonaid institiúidigh a bheith in acmhainn an méid seo ar a laghad a thabhairt le fios nó a ríomh i gcás gach APG áitiúil faoi seach: luach an táirgthe, tomhaltas idirmheánach, cúiteamh d'fhostaithe, an barrachas oibríocháin, an líon fostaithe agus ollfhoirmiú an chaipitil sheasta.

Is aonad institiúideach, nó cuid d'aonad institiúideach, é an t-aonad áitiúil a tháirgeann earraí nó seirbhísí agus atá suite in áit atá sainaitheanta go geografach.

Féadfaidh go bhfreagróidh APG áitiúil d'aonad institiúideach i gcáil táirgeora; ní bheidh baint aige riamh le dhá aonad institiúideacha éagsúla áfach.

2.149 Más rud é go gcuimsíonn aonad institiúideach a tháirgeann earraí agus seirbhísí príomhghníomhaíocht amháin agus gníomhaíocht thánaisteach amháin nó níos mó, ba cheart é a fhoroinnt idir an líon céanna APGanna, agus ba cheart na gníomhaíochtaí tánaisteacha a aicmiú faoi cheannnteidil éagsúla nach ionann iad agus an phríomhghníomhaíocht. Ní dheighiltear na gníomhaíochtaí coimhdeacha ón bpríomhghníomhaíocht ná ó na gníomhaíochtaí tánaisteacha. Ach féadfaidh APGanna a aicmítear laistigh de cheannnteideal áirithe den chóras aicmithe táirgí nach dtagann faoin ngrúpa aonchineálach a tháirgeadh i ngeall ar ghníomhaíochtaí tánaisteacha atá nasctha leo agus nach féidir iad a shainaithint ar bhonn leithleach ó na doiciméid chuntasaíochta atá ar fáil. Dá bhrí sin, féadfaidh APG gníomhaíocht thánaisteach amháin nó níos mó a dhéanamh.

Tionscail

2.150 *Sainmhíniú:* is éard atá i dtionscal, grúpa APGanna áitiúla a bhfuil an príomhghníomhaíocht chéanna nó príomhghníomhaíocht chosúil ar bun acu. Ar an leibhéal aicmithe is mionsonraithe, is éard atá i dtionscal na APGanna áitiúla go léir atá áirithe faoi aicme amháin (ceithre dhigit) de chuid NACE Rev. 2 agus a bhfuil an ghníomhaíocht chéanna, dá bhrí sin, mar atá sainithe faoi NACE Rev. 2 ar bun acu.

Ar thionscail tá idir APGanna áitiúla a tháirgeann earraí agus seirbhísí margaidh agus APGanna áitiúla a tháirgeann earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh. Is é an sainmhíniú ar thionscal, grúpa APGanna áitiúla a bhfuil an cineál céanna gníomhaíochta táirgthe ar bun acu, is cuma má tháirgeann na haonaid institiúideacha lena mbaineann siad aschur margaidh nó aschur neamh-mhargaidh nó nach dtáirgeann.

2.151 Aicmítear tionscail i dtrí chatagóir:

- (a) tionscail a tháirgeann earraí agus seirbhísí margaidh (tionscail mhargaidh) agus a tháirgeann earraí agus seirbhísí chun críche úsáide críochnaithí dílse. Ar na seirbhísí chun críche úsáide críochnaithí dílse tá seirbhísí tithíochta arna dtáirgeadh ag úinéirí-áititheoirí, agus seirbhísí tí arna dtáirgeadh ag fostaithe ar íocaíocht;
- (b) tionscail an rialtais ghinearálta a tháirgeann earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh: tionscail neamh-mhargaidh an rialtais ghinearálta;
- (c) tionscail na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh agus a tháirgeann earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh: tionscail neamh-mhargaidh na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh.

Tionscail a aicmiú

2.152 Is é NACE Rev. 2 an córas aicmithe a úsáidtear chun APGanna áitiúla a ghrúpáil i dtionscail.

AONAD TÁIRGTHE AONCHINEÁLAIGH AGUS BRAINSÍ AONCHINEÁLACHA

2.153 D'fhonn an próiseas táirgthe a anailísiú, is é aonad an táirgthe aonchineálaigh an t-aonad is fearr a oireann don anailís sin. Bíonn gníomhaíocht leithleach ar siúl ag an aonad sin, agus sainítear an ghníomhaíocht sin tríd an ionchur, an próiseas táirgthe agus an t-aschur.

An t-aonad táirgthe aonchineálaigh

2.154 *Sainmhíniú:* déanann aonad táirgthe aonchineálaigh gníomhaíocht leithleach a aithnítear tríd an ionchur, an próiseas táirgthe agus an t-aschur. Saináithnítear na táirgí arb ionann iad agus an t-ionchur agus an t-aschur de bharr a saintréithe fisiceacha, an méid próiseála a dhéantar orthu agus na teicnící táirgthe a úsáidtear. Féadfar iad a aithint trí na táirgí a aicmiú (Aicmiú Táirgí de réir Gníomhaíochta — CPA). Is aicmiú táirge é CPA a bhfuil na heilimintí leagtha amach i gcomhréir le critéar an bhunúis thionsclaíoch. Sainmhínítear bunús tionsclaíoch in NACE Rev. 2.

An brainse aonchineálach

2.155 *Sainmhíniú:* is éard atá i gceist le brainse aonchineálach grúpáil d'aonaid táirgthe aonchineálaigh. Saináithnítear an fhoireann gníomhaíochtaí arna cuimsiú ag brainse aonchineálach trí thagairt a dhéanamh d'aicmiú táirge. Ní tháirgeann an brainse aonchineálach ach na hearraí nó na seirbhísí sin atá sonraithe faoin aicmiú.

2.156 Is éard is brainsí aonchineálacha ann aonaid a ceapadh i gcomhair anailíse eacnamaíche. De ghnáth, ní féidir aonaid táirgthe aonchineálaigh a bhreathnú go díreach; ní mór na sonraí a bhailítear ó na haonaid agus a úsáidtear i bhfiosrúcháin staidrimh a athchóiriú chun brainsí aonchineálacha a chruthú.

CAIBIDIL 3

IDIRBHEARTA TÁIRGÍ AGUS SÓCMHAINNÍ NEAMHTHÁIRGTHE

IDIRBHEARTA TÁIRGÍ: GINEARÁLTA

3.01 *Sainmhíniú:* is éard atá i dtáirgí na hearraí agus na seirbhísí go léir a chruthaítear laistigh de theorainn an táirgthe. Sainmhínítear táirgeadh i mír 3.07.

3.02 Tá na príomhchatagóirí seo a leanas d'idirbhearta táirgí i CCE:

Catagóirí na n-idirbheart	Cód
Aschur	P.1
Tomhaltas idirmheánach	P.2
Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach	P.3
Tomhaltas críochnaitheach iarbhír	P.4
Ollfhoirmiú caipitil	P.5
Onnmhairí earraí agus onnmhairí seirbhísí	P.6
Allmhairí earraí agus allmhairí seirbhísí	P.7

3.03 Déantar idirbhearta táirgí a thaifeadh mar a leanas:

- sa chuntas earraí agus seirbhísí, déantar aschur agus allmhairí a thaifeadh mar acmhainní agus taifeadtar na hidirbhearta eile táirgí mar úsáidí;
- sa chuntas táirgeachta, déantar aschur a thaifeadh faoi acmhainní agus tomhaltas idirmheánach faoi úsáidí; is é oll-bhreisluch ítim chomhardaithe an dá idirbheart táirgí sin;
- sa chuntas úsáide ioncaim indiúscartha, déantar an caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach a thaifeadh faoi úsáidí;
- sa chuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe, déantar an tomhaltas críochnaitheach iarbhír a thaifeadh faoi úsáidí;
- sa chuntas caipitil, déantar an t-ollfhoirmiú caipitil a thaifeadh faoi úsáid (athrú ar shócmhainní neamhairgeadais);
- sa chuntas seachtrach earraí agus seirbhísí, déantar allmhairí earraí agus allmhairí seirbhísí a thaifeadh faoi acmhainní agus taifeadtar onnmhairí earraí agus onnmhairí seirbhísí faoi úsáidí.

Sainmhínítear go leor ítimí comhardaithe sna cuntais, amhail breisluch, olltáirgeacht intíre, ioncam náisiúnta agus ioncam indiúscartha, i dtéarmaí idirbheart táirgí. Sainmhíononn an sainmhíniú ar idirbhearta táirgí na hítimí comhardaithe sin.

3.04 Sa tábla soláthair (féach mír 1.136), déantar aschur agus allmhairí a thaifeadh faoi sholáthairtí. Sa tábla úsáide, déantar tomhaltas idirmheánach, ollfhoirmiú caipitil, caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach agus onnmhairí a thaifeadh faoi úsáidí. Sa tábla siméadrach ionchuir-aschuir, déantar aschur agus allmhairí a thaifeadh faoi sholáthairtí agus na hidirbhearta eile táirgí faoi úsáidí.

3.05 Luacháiltear na soláthairtí táirgí ag na bunphraghsanna (féach mír 3.44). Luacháiltear na húsáidí táirgí ag praghsanna na gceannaitheoirí (féach mír 3.06). I gcás cineálacha áirithe soláthairtí agus úsáidí, baintear úsáid as prionsabail luachála níos mionsonraithe, e.g. i gcomhair allmhairí earraí agus onnmhairí earraí.

3.06 *Sainmhíniú:*

Is é praghas an cheannaitheora an praghas a íocann an ceannaitheoir as táirgí. Áirítear an méid seo a leanas le praghas an cheannaitheora:

- cánacha lúide fóirdheontais ar na táirgí (ach gan cánacha asbhainteacha amhail CBL ar tháirgí a áireamh);
- muirir i leith iompair arna n-íoc go leithleach ag an gceannaitheoir chun glacadh leis an seachadadh ag an uair chuí agus ag an ionad cúí;

- (c) asbhaintí i leith aon lascaí builc nó aon lascaí ceannacháin in uaireanta beagéilimh ó na gnáthphraghsanna nó na gnáthmhuirir;

Eisiatar an méid seo a leanas ó phraghas an cheannaitheora:

- (a) ús nó muirir seirbhíse arna gcur faoi shocruithe creidmheasa;
- (b) muirir bhreise arna dtabhú i gcás íocaíochta déanaí, nuair a chiallaíonn íocaíocht dhéanach neamhíocaíocht laistigh den tréimhse arna dearbhú tráth na gceannach.

Murar ionann tráth úsáid na dtáirgí agus tráth a gceannaithe, coigeartaítear an luach chun na hathruithe ar an bpraghas i ngeall ar imeacht aimsire a chur san áireamh (i slí a bheadh siméadrach leis na hathruithe ar phraghsanna na bhfardal). Tá modhnuithe den saghas sin tábhachtach má thagann athrú suntasach laistigh de bhliain amháin ar phraghsanna na dtáirgí lena mbaineann.

TÁIRGEADH AGUS ASCHUR

- 3.07 *Sainmhíniú:* is éard atá i dtáirgeadh gníomhaíocht a dhéantar faoi rialú, faoi fhreagracht agus faoi bhainistiú aonaid institiúidigh a bhaineann úsáid as ionchur saothair, caipiteal agus earraí agus seirbhísí i bhfoirm ionchuir chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh.

Ní chuimsítear faoi tháirgeadh próisis nádúrtha nach bhfuil ionchur ná aon stiúradh ag an duine ina leith, mar shampla fás neamhbhainistithe stoc éisc in uiscí idirnáisiúnta, ach cuimsítear feirmeoireacht éisc faoi.

- 3.08 Áirítear le táirgeadh:

- (a) táirgeadh na n-earraí nó na seirbhísí aonair nó comhchoiteanna go léir a sholáthraítear d'aonaid seachas a dtáirgeoirí;
- (b) táirgeadh féinchuntais na n-earraí go léir arna gcoimeád ag táirgeoirí chun críche tomhaltais chríochnaithigh dhílis nó d'ollfhoirmiú caipitil sheasta.

Is samplaí iad de tháirgeadh ar bhonn féinchuntais d'ollfhoirmiú caipitil sheasta táirgeadh sócmhainní seasta amhail foirgníocht, forbairt bogearraí agus taiscéalaíocht mianraí d'ollfhoirmiú caipitil sheasta ar bhonn féinchuntais. Déantar cur síos ar ollfhoirmiú caipitil sheasta i mír 3.124 go mír 3.138.

Is gnách go mbaineann an táirgeadh earraí a dhéanann teaghlaigh ar bhonn féinchuntais leis an méid seo a leanas:

- (1) tógáil teaghaisí ar bhonn féinchuntais;
 - (2) táirgeadh agus stóráil táirgí talmhaíochta;
 - (3) próiseáil táirgí talmhaíochta, amhail táirgeadh plúir trí mhuilleoireacht, leasú torthaí trí thriomú agus trí bhuidéalú, táirgeadh táirgí déiríochta amhail im agus cáis agus táirgeadh beorach, fíona agus biotáillí;
 - (4) táirgeadh táirgí príomhúla eile, amhail mianadóireacht salainn, baint móna agus iompar uisce;
 - (5) cineálacha eile próiseála, amhail fiodóireacht éadaí, criadóireacht agus déantús troscán;
- (c) seirbhísí teaghaise a tháirgeann úinéirí-áititheoirí ar bhonn féinchuntais;
- (d) seirbhísí tí agus seirbhísí pearsanta a tháirgeann fostaithe tí ar íocaíocht;
- (e) gníomhaíochtaí deonacha a mbíonn earraí mar thoradh orthu. Is samplaí iad de ghníomhaíochtaí den saghas sin tógáil teaghaise, séipéil nó foirgnimh eile. Ní áirítear gníomhaíochtaí deonacha nach mbíonn earraí mar thoradh orthu e.g. aire a thabhairt do dhaoine nó do rudaí agus glanadh gan íocaíocht.

Áirítear na gníomhaíochtaí atá liostaithe thuas i bpointe (a) go pointe (e) mar tháirgeadh fiú mura bhfuil siad dleathach nó mura bhfuil siad cláraithe leis na húdaráis chánach, leis na húdaráis slándála sóisialta, leis na húdaráis staidrimh nó le húdaráis eile phoiblí.

Déantar aon táirgeadh earraí a dhéanann teaghlach ar bhonn féinchuntais a thaifeadadh má tá suntas ag baint leis an táirgeadh sin, i.e. nuair atá suntas ag baint leis go cainníochtúil maidir le soláthar iomlán an earra sin i dtír ar leith.

Ní áirítear mar tháirgeadh earraí ar bhonn féinchuntais a dhéanann teaghlaigh ach tógáil teaghaisí agus táirgeadh, stóráil agus próiseáil táirgí talmhaíochta.

3.09 Eisiatar ó tháirgeadh táirgeadh seirbhísí tí agus seirbhísí pearsanta a tháirgtear agus a thomhlaítear sa teaghlach céanna. Is samplaí iad seo a leanas de sheirbhísí tí a tháirgeann teaghlaigh iad féin agus ar seirbhísí iad atá eisiata:

- (a) glanadh, maisiú agus cothabháil na teaghaise a mhéid a bhfuil na tionóntaí freagrach as na gníomhaíochtaí sin;
- (b) glanadh, seirbhísíú agus deisiú earraí marthanacha tí;
- (c) ullmhú agus riar béilí;
- (d) cúram, oiliúint agus teagasc leanaí;
- (e) cúram daoine breoite, daoine easlána nó seandaoine; agus
- (f) iompar ball den teaghlach nó a n-earraí.

Áirítear le táirgeadh seirbhísí tí agus seirbhísí pearsanta a tháirgeann fostaithe tí ar íocaíocht agus seirbhísí teaghaisí úinéirí-áititheoirí.

Príomhghníomhaíochtaí, gníomhaíochtaí tánaisteacha agus gníomhaíochtaí coimhdeacha

3.10 *Sainmhíniú:* is éard atá i bpríomhghníomhaíocht APG áitiúil an ghníomhaíocht a sáraíonn a breisluach breisluach aon ghníomhaíochta eile a dhéantar laistigh den aonad céanna. Cinntear aicmiú na príomhghníomhaíochta trí thagairt a dhéanamh do NACE rev. 2, ag an leibhéal is airde aicmithe ar dtús agus ansin ag leibhéal níos mionsonraithe.

3.11 *Sainmhíniú:* is éard atá i ngníomhaíocht thánaisteach gníomhaíocht a dhéantar laistigh de APG áitiúil amháin sa bhreis ar an bpríomhghníomhaíocht. Is táirge tánaisteach an t-aschur ón ngníomhaíocht thánaisteach.

3.12 *Sainmhíniú:* is éard atá i ngníomhaíocht choimhdeach gníomhaíocht a bhfuil a haschur beartaithe d'úsáid laistigh de ghnóthas.

Is éard atá i ngníomhaíocht choimhdeach gníomhaíocht tacaíochta a dhéantar laistigh de ghnóthas chun gur féidir príomhghníomhaíocht nó gníomhaíochtaí tánaisteacha APGanna áitiúla a dhéanamh. Maidir leis an aschur a thomhlaíonn gníomhaíocht choimhdeach — ábhair, saothar, ídiú an chaipitil sheasta, etc. — láimhseáiltear iad ar fad mar ionchur sa phríomhghníomhaíocht nó sa gníomhaíocht thánaisteach a dtacaíonn sí léi.

Seo thíos samplaí de ghníomhaíochtaí coimhdeacha:

- (a) ceannach;
- (b) díolacháin;
- (c) margaíocht;
- (d) cuntasáíocht;
- (e) próiseáil sonraí;
- (f) iompar;
- (g) stóráil;
- (h) cothabháil;
- (i) glanadh; agus
- (j) seirbhísí slándála.

Tá rogha ag gnóthais gníomhaíochtaí coimhdeacha a dhéanamh nó seirbhísí den saghas sin a cheannach ar an margadh ó shaintáirgeoirí seirbhíse.

Ní gníomhaíocht choimhdeach é an foirmiú caipitil ar bhonn féinchuntais.

- 3.13 Ní dhéantar gníomhaíochtaí coimhdeacha a leithlisiú chun eintitis ar leith a chruthú agus ní scartar iad ó na príomhghníomhaíochtaí nó na gníomhaíochtaí tánaisteacha ná ó na príomhaonáin nó na heintitis thánaisteacha a bhfónann siad dóibh. Dá réir sin, ba cheart na gníomhaíochtaí coimhdeacha a chomhtháthú leis na APGanna áitiúla a bhfónann siad dóibh.

Féadfar gníomhaíochtaí coimhdeacha a dhéanamh in áiteanna ar leith, áiteanna atá suite i réigiún eile seachas an réigiún ina bhfuil na APGanna áitiúla a bhfónann siad dóibh suite. Dá ndéanfaí an rialail dá dtagraítear sa chéad fho-mhír maidir le leithdháileadh geografach na ngníomhaíochtaí coimhdeacha a chur i bhfeidhm go beacht, is fomheastachán ar na comhiomláin sna réigiúin sin ina bhfuil na gníomhaíochtaí coimhdeacha comhchruinnithe an toradh a bheadh air sin. Dá bhri sin, de réir phrionsabal an chónaithe, ní mór gníomhaíochtaí coimhdeacha a leithdháileadh ar an réigiún ina bhfuil siad suite; fanann siad sa tionscal céanna leis na APGanna áitiúla a bhfónann siad dóibh.

Aschur (P.1)

- 3.14 *Sainmhíniú:* is éard atá in aschur na táirgí arna gcruthú le linn na tréimhse cuntasaoíochta.

Is samplaí iad seo a leanas d'aschur:

- (a) na hearraí agus na seirbhísí a sholáthraíonn APG áitiúil amháin do APG áitiúil eile atá san aonad institiúideach céanna;
 - (b) na hearraí a tháirgeann APG áitiúil agus a fhanann i bhfardail ag deireadh na tréimhse ina dtáirgtear iad, cibé úsáid a bhainfear astu ina dhiaidh sin. Ní dhéantar earraí agus seirbhísí arna dtáirgeadh agus arna dtomhalt laistigh den tréimhse chuntasaoíochta céanna agus laistigh den APG áitiúil céanna a aithint ar bhonn leithleach. Ní dhéantar iad a thaifeadadh mar chuid d'aschur ná de thomhaltas idirmheánach an APG áitiúil sin.
- 3.15 I gcás ina bhfuil níos mó ná APG áitiúil amháin in aonad institiúideach, is ionann an t-aschur ón aonad institiúideach sin agus suim an aschuir ó na APGanna áitiúla atá ina gcomhphárteanna de, lena n-áirítear an t-aschur a sheachadann na APGanna áitiúla atá ina gcomhphárteanna de ar a chéile.
- 3.16 Déantar idirdhealú in CCE idir trí chineál aschuir:

- (a) aschur margaidh (P.11);
- (b) aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse (P.12);
- (c) aschur neamh-mhargaidh (P.13).

Baineann an t-idirdhealú céanna leis na APGanna áitiúla agus leis na haonaid institiúideacha freisin:

- (a) táirgeoirí margaidh;
- (b) táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse;
- (c) táirgeoirí neamh-mhargaidh.

Is idirdhealú bunúsach é an t-idirdhealú idir táirgí margaidh, táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse agus táirgí neamh-mhargaidh i bhfianaise an méid seo a leanas:

- (a) bíonn tionchar aige ar an luacháil a dhéantar ar aschur agus ar choincheapa gaolmhara eile, amhail breisluch, olltáirgeacht intíre agus caiteachas an rialtais agus na INBFTanna ar thomhaltas críochnaitheach;
- (b) bíonn tionchar aige ar aicmiú aonad institiúideach de réir earnála, e.g. cé na haonaid a áirítear in earnáil an rialtais ghinearálta agus cé na haonaid nach n-áirítear inti.

Cinntear tríd an idirdhealú sin na prionsabail luachála atá le cur i bhfeidhm ar an aschur. Luacháiltear aschur margaidh agus aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse ag na bunphraghsanna. Déantar aschur iomlán táirgeoirí neamh-mhargaidh a luacháil trí na costais táirgthe a shuimeáil. Déantar aschur iomlán aonaid institiúidigh a luacháil mar shuim aschuir iomlána a chuid APGanna áitiúla agus braitheann sé, dá bhri sin, ar an idirdhealú idir táirgí margaidh, táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse agus táirgí neamh-mhargaidh.

Úsáidtear an t-idirdhealú freisin chun aonaid institiúideacha a aicmiú de réir earnála. Aicmítear táirgeoirí neamh-mhargaidh faoi earnáil an rialtais ghinearálta nó faoi earnáil na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh.

Déantar na hidirdhealuithe a shainiú ón mbarr síos, i.e. déantar an t-idirdhealú a shainiú ar dtús i gcás na n-aonaid institiúideach, ansin i gcás na APGanna áitiúla agus ansin i gcás a n-aschuir.

Ar leibhéal an táirge aicmítear an t-aschur mar aschur margaidh, aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse agus aschur neamh-mhargaidh de réir shainréithe an aonaid institiúidigh agus an APG áitiúil a tháirgeann an t-aschur sin.

- 3.17 *Sainmhíniú:* is éard atá in aschur margaidh aschur a dhéantar a dhiúscairt ar an margadh nó a bheartaítear a dhiúscairt ar an margadh.
- 3.18 Áirítear le haschur margaidh:
- (a) táirgí a dhíoltar ar phraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de;
 - (b) táirgí a mhalartaítear;
 - (c) táirgí a úsáidtear d'íocaíochtaí comhchineáil (lena n-áirítear cúiteamh comhchineáil d'fhostaithe agus ioncam measctha comhchineáil);
 - (d) táirgí a sholáthraíonn APG áitiúil amháin do APG áitiúil eile laistigh den aonad institiúideach céanna agus atá le húsáid mar ionchur idirmheánach nó d'úsáidí críochnaitheacha;
 - (e) táirgí a chuirtear le fardail earraí críochnaithe agus obair idir lámha atá beartaithe d'úsáid amháin as measc na n-úsáidí thuas (lena n-áirítear saothrú nádúrtha táirgí ainmhithe agus táirgí glasraí agus déanmhais neamhiomlánaithe nach eol a cheannaitheora).
- 3.19 *Sainmhíniú:* is éard atá i bpraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de praghsanna a bhfuil tionchar suntasach acu ar an méid táirgí atá táirgeoirí sásta a sholáthar agus ar na méideanna táirgí is mian le ceannaitheoirí a fháil. Bíonn praghsanna den sórt sin ann nuair a chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:
- (a) tá dreasacht ag an táirgeoir an soláthar a choigeartú chun brabús a dhéanamh san fhadtéarma nó, ar a laghad, chun caipiteal agus costais eile a chlúdach; agus
 - (b) tá saoirse ag tomhaltóirí táirgí a cheannach nó gan iad a cheannach agus rogha a dhéanamh ar bhonn na bpraghsanna a mhuirearaítear.
- Is é is dóichí go muirearófar praghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de chun ioncam a chruinniú nó chun an ró-éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a sholáthraítear seirbhísí saor in aisce a laghdú.
- Déantar praghas táirge atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de a shainiú i dtaca leis an aonad institiúideach agus an APG áitiúil a tháirg an t-aschur. Mar shampla, maidir leis an aschur go léir ó ghnóthais neamhchorpraithe atá faoi úinéireacht teaghlach agus a dhíoltar le haonaid institiúideacha eile, déantar é a dhíol ar phraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de; measfar mar sin gur aschur margaidh é. Maidir le haschur ó aonaid institiúideacha eile, seiceálfar an cumas gníomhaíocht mhargaidh a dhéanamh ar phraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de trí bhithin critéir chainníochtúil (critéar an 50 %), ag baint úsáide as an gcóimheas idir costais díolacháin agus costais táirgthe. Chun bheith ina tháirgeoir margaidh, clúdóidh an t-aonad ar a laghad 50 % dá chostais trína dhíolacháin thar thréimhse leanúnach ilbhliantúil.
- 3.20 *Sainmhíniú:* is éard atá in aschur chun críche úsáide críochnaithe dílse earraí agus seirbhísí a choimeádann an t-aonad institiúideach céanna chun críche tomhaltais chríochnaithe dhílis nó chun críche foirmithe caipitil.
- 3.21 Is í earnáil na dteaghlach amháin is féidir táirgí arna gcoimeád chun críche tomhaltais chríochnaithe dhílis a tháirgeadh. Seo thíos samplaí de tháirgí a choimeádtar chun críche tomhaltais chríochnaithe dhílis:
- (a) táirgí talmhaíochta arna gcoimeád ag feirmeoirí;
 - (b) seirbhísí teaghaise a tháirgeann úinéirí-áititheoirí;
 - (c) seirbhísí tí arna dtáirgeadh ag fostaithe ar íocaíocht.
- 3.22 Is féidir le haon earnáil táirgí a tháirgeadh a úsáidtear d'fhoirmiú caipitil ar bhonn féinchuntais. Seo thíos samplaí de tháirgí den saghas sin:
- (a) meaisín-uirlisí a tháirgeann gnóthais innealtóireachta;
 - (b) teaghaisí, nó méaduithe ar theaghaisí, a tháirgeann teaghlach;
 - (c) tógáil ar bhonn féinchuntais, lena n-áirítear togáil chomhchoiteann a dhéanann grúpaí teaghlach;
 - (d) bogearraí féinchuntais;
 - (e) taighde agus forbairt ar bhonn féinchuntais. Ní dhéanfar caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt a thaifeadhadh mar fhoirmiú caipitil sheasta mura mbeidh leibhéal sách ard iontaofachta agus inchomparáideachta bainte amach ag na meastacháin ar fud na mBallstát.

- 3.23 *Sainmhíniú*: is éard atá in aschur neamh-mhargaidh aschur a sholáthraítear d'aonaid eile saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de.

Déantar aschur neamh-mhargaidh (P.13) a fhoroinnt in dhá ítim: “Íocaíochtaí i leith aschuir neamh-mhargaidh” (P.131), ina bhfuil táillí agus muirir éagsúla, agus “aschur neamh-mhargaidh, eile” (P.132) ar aschur a sholáthraítear saor in aisce é.

Táirgtear aschur neamh-mhargaidh ar na cúiseanna seo a leanas:

- (a) d'fhéadfadh sé a bheith dodhéanta ó thaobh na teicneolaíochta de iallach a chur ar dhaoine aonair íoc as seirbhísí comhchoiteanna toisc nach féidir faireachán agus rialú a dhéanamh ar an méid a thomhlaíonn siad seirbhísí den sórt sin. Eagraíonn aonaid rialtais táirgeadh seirbhísí comhchoiteanna agus maoinítear an táirgeadh sin ó chistí seachas fáltais ó dhíolacháin, eadhon cánachas agus ioncaim eile rialtais;
- (b) féadfaidh aonaid rialtais agus INBFTanna freisin earraí agus seirbhísí a tháirgeadh agus a sholáthar do theaghlaigh aonair agus muirear a ghearradh ina leith sin, ach a thograíonn siad gan é sin a dhéanamh mar bheartas sóisialta nó eacnamaíoch. Is sampla díobh sin é soláthar seirbhísí oideachais nó sláinte, saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de.
- 3.24 *Sainmhíniú*: is éard atá i dtáirgeoirí margaidh APGanna áitiúla nó aonaid institiúideacha arb é aschur margaidh a bpríomh-aschur.
- Más ionann APG áitiúil nó aonad institiúideach agus táirgeoir margaidh, is é a phríomhaschur, de réir sainmhínithe, aschur margaidh, de réir mar atá coincheap an aschuir mhargaidh sainmhínithe, tar éis an t-idirdhealú idir aschur margaidh, aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse agus aschur neamh-mhargaidh a chur i bhfeidhm maidir leis an APG áitiúil sin agus ar an aonad institiúideach a tháirg an t-aschur sin.
- 3.25 *Sainmhíniú*: is éard atá i dtáirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse APGanna áitiúla nó aonaid institiúideacha arb é a bpríomhaschur aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse laistigh den aonad institiúideach céanna.
- 3.26 *Sainmhíniú*: is éard atá i dtáirgeoirí neamh-mhargaidh APGanna áitiúla nó aonaid institiúideacha arb é a bpríomhaschur aschur a sholáthraítear saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de.

Aonaid institiúideacha: idirdhealú idir táirgeoirí margaidh, táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse agus táirgeoirí neamh-mhargaidh

- 3.27 Maidir le haonaid institiúideacha ar táirgeoirí iad, tugtar achoimre i dTábla 3.1 ar an idirdhealú idir táirgeoirí margaidh, táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse agus táirgeoirí neamh-mhargaidh. Léirítear freisin an t-aicmiú de réir eárnála.

Tábla 3.1 — An t-idirdhealú idir táirgeoirí margaidh, táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse agus táirgeoirí neamh-mhargaidh i gcás na n-aonad institiúideach

Saghas aonaid institiúidigh		Aicmiú			
Príobháideach nó poiblí?	Institiúid neamhbhrabúis nó nach ea?	Táirgeoir margaidh?	Cineál táirgeora	Earnáil/ Eárnálacha	
1. Táirgeoirí príobháideacha	1.1 Gnóthais neamhchorpraithe atá faoi úinéireacht na dteaghlach (lena n-eisiatar samhailchorparáidí atá faoi úinéireacht na dteaghlach)		1.1 = Táirgeoir margaidh nó chun críche úsáide críochnaithí dílse	Teaghlaigh	
	1.2 Táirgeoirí príobháideacha eile (lena n-áirítear samhailchorparáidí atá faoi úinéireacht na dteaghlach)	1.2.1 Institiúidí neamhbhrabúis príobháideacha	1.2.1.1 Is ea	1.2.1.1 = Margaidh	Corparáidí
			1.2.1.2 Ní hea	1.2.1.2 =	Neamh-mhargaidh
	1.2.2 Táirgeoirí príobháideacha eile nach institiúidí neamhbhrabúis iad		1.2.2 =	Margaidh	Corparáidí
2. Táirgeoirí poiblí		2.1 Is ea	2.1 =	Margaidh	Corparáidí
		2.2 Ní hea	2.2 =	Neamh-mhargaidh	An rialtas ginearálta

- 3.28 Léirítear i dTábla 3.1 go gcuirtear i bhfeidhm roinnt idirdhealuithe i ndiaidh a chéile chun a chinneadh ar cheart aonad institiúideach a aicmiú mar tháirgeoir margaidh, mar tháirgeoir chun críche úsáide críochnaithí dílse nó mar tháirgeoir neamh-mhargaidh. Is é an chéad idirdhealú an t-idirdhealú idir táirgeoirí príobháideacha agus táirgeoirí poiblí. Is éard atá i dtáirgeoir poiblí táirgeoir atá faoi rialú an rialtais láir, de réir an tsainmhíneithe ar rialú i mír 2.38.
- 3.29 Mar a léirítear i dTábla 3.1, tá táirgeoirí príobháideacha le fáil i ngach uile earnáil ach amháin in earnáil an rialtais ghinearálta. Os a choinne sin, ní fhaightear táirgeoirí poiblí ach in earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais, in earnáil na gcorparáidí airgeadais agus in earnáil an rialtais ghinearálta.
- 3.30 Catagóir ar leith táirgeoirí príobháideacha is ea na gnóthais neamhchorpraithe atá faoi úinéireacht na dteaghlach. Is táirgeoirí margaidh nó táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse na táirgeoirí sin. Bíonn táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse i gceist i gcás táirgeadh seirbhísí i dteaghaisí úinéirí-áitithe agus i gcás táirgeadh earraí ar bhonn féinchuntais. Déantar gach gnóthas neamhchorpraithe atá faoi úinéireacht na dteaghlach a aicmiú faoi earnáil na dteaghlach cé is moite de shamhailchorparáidí atá faoi úinéireacht na dteaghlach. Is táirgeoirí margaidh iad sin agus aicmítear iad faoi earnálacha na gcorparáidí neamhairgeadais agus na gcorparáidí airgeadais.
- 3.31 I gcás táirgeoirí príobháideacha eile, déantar idirdhealú idir institiúidí neamhbhrabúis príobháideacha agus táirgeoirí príobháideacha eile.

Sainmhíniú: is é an sainmhíniú ar institiúid neamhbhrabúis phríobháideach (INB) eintiteas dlíthiúil nó eintiteas sóisialta a ghníomhaíonn chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh ach nach gceadaítear ina leith, de réir a stádas, go bhfaighidh na haonaid a rinne an institiúid a bhunú, a rialú nó a mhaoiniú ioncam, brabús ná gnóthachain airgeadais eile as na hearraí sin. I gcás ina ngeineann a ngníomhaíochtaí táirgthe barrachais, ní féidir le haonaid institiúideacha eile na barrachais sin a leithreasú.

Déantar INB príobháideach a aicmiú faoi earnálacha na gcorparáidí neamhairgeadais agus na gcorparáidí airgeadais, más táirgeoir margaidh é.

Déantar INB príobháideach a aicmiú faoi earnáil na INBFTanna más táirgeoir neamh-mhargaidh é, ach amháin i gcás ina bhfuil sé faoi rialú an rialtais. I gcás ina rialaíonn an rialtas INB príobháideach aicmítear é in earnáil an rialtais ghinearálta.

Is ionann agus táirgeoirí margaidh gach táirgeoir príobháideach eile nach INB é. Aicmítear iad faoi earnálacha na gcorparáidí neamhairgeadais agus na gcorparáidí airgeadais.

- 3.32 Agus idirdhealú á dhéanamh idir aschur margaidh agus aschur neamh-mhargaidh agus idir táirgeoirí margaidh agus táirgeoirí neamh-mhargaidh, tá roinnt critéar le húsáid. Is é is aidhm do na critéir seo a leanas margaidh/neamh-mhargaidh (féach mír 3.19 maidir leis an sainmhíniú ar phraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de) a mheas an ann d'ímthosca margaidh agus a mheas an bhfuil iompraíocht leordhóthanach ar an margadh ag baint leis an táirgeoir. De réir an chritéir chainníochtúil margaidh/neamh-mhargaidh, ba cheart ar a laghad an chuid is mó de na costais táirgthe a chlúdach trí dhíolacháin nuair a dhíoltar táirgí ar phraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de.
- 3.33 Nuair a chuirtear an critéar chainníochtúil margaidh/neamh-mhargaidh sin i bhfeidhm, is mar seo a leanas a shainmhíneítear díolacháin agus costais táirgthe:

(a) is éard a bheidh i gceist le díolacháin díolacháin gan cánacha ar tháirgí a áireamh ach ag áireamh na n-íocaíochtaí go léir a dhéanann an rialtas ginearálta nó institiúidí an Aontais agus arna ndeonú ar aon chineál táirgeoira atá i mbun an chineáil sin gníomhaíochta, i.e. áirítear na híocaíochtaí go léir atá nasctha le méid agus le luach an aschuir, ach eisiatar íocaíochtaí a dhéantar chun easnamh foriomlán a chlúdach nó chun fiacha a ghlanadh.

Freagraíonn an sainmhíniú sin ar dhíolacháin don sainmhíniú ar aschur ag na bunphraghsanna cé is moite den mhéid seo a leanas:

- (1) ní dhéantar aschur ag na bunphraghsanna a shainmhíniú go dtí go bhfuil sé cinntithe cé acu aschur margaidh nó aschur neamh-mhargaidh atá i gceist: ní úsáidtear díolacháin ach i luacháil an aschuir mhargaidh; déantar aschur neamh-mhargaidh a luacháil ar bhonn costas;
 - (2) maidir leis na híocaíochtaí a dhéanann an rialtas ginearálta chun easnamh foriomlán corparáidí poiblí agus samhailchorparáidí poiblí a chlúdach is cuid d'fhóirdheontais eile ar tháirgí iad mar atá sainmhíneithe i bpointe (c) de mhír 4.35. Dá thoradh sin, áirítear in aschur margaidh ag na bunphraghsanna na híocaíochtaí a dhéanann an rialtas ginearálta chun easnamh foriomlán a chlúdach;
- (b) eisiatar ó dhíolacháin foinsí eile ioncaim amhail gnóthachain sealúchais (cé go bhféadfáidís bheith ina ngnáthchuid d'ioncam gnó agus ina gcuid de a mbeifí ag súil léi), deontais infheistíochta, aistrihe eile cáipitil (e.g. fuascailt fiachais) agus ceannach cothromais;

(c) chun críche an chritéir seo, tá costais táirgthe cothrom le suim an tomhaltais idirmheánaigh, an chúitimh d'fhostaith, ídiú an chaipitil sheasta, cánacha eile ar tháirgeadh móide costais chaipitil. Ní asbhaintear fóirdheontais eile ar tháirgeadh. Chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le coincheapa “na ndíolachán” agus “na gcostas táirgthe”, agus an critéar cainníochtúil margaidh/neamh-mhargaidh á chur i bhfeidhm, eiseofar ó “costais táirgthe” na costais uile arna dtabhú maidir le foirmiú caipitil ar bhonn féinchuntais. Ar mhaithe le simplíocht, féadfar neastachán a dhéanamh de ghnáth ar na costais chaipitil trí bhíthin na nglaníocaíochtaí iarbhir úis. I gcás táirgeoirí seirbhísí airgeadais, áfach, coimeádtar an muirear úis, i.e. déantar ceartúchán i gcomhair seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach.

Cuirtear i bhfeidhm an critéar margaidh/neamh-mhargaidh trí fhorléargas ilbhliantúil. Ní gá na haonaid institiúideacha (ná a n-aschur ná a APGanna áitiúla) a athaicmiú i ngeall ar mhionluaineachtaí ar mhéid na ndíolachán ó bhliain go bliain.

3.34 D'fhéadfadh eilimintí éagsúla a bheith i gceist le díolacháin. Mar shampla, i gcás seirbhísí cúraim sláinte a sholáthraíonn ospidéal d'fhéadfadh díolacháin freagairt d'aon cheann díobh seo a leanas:

(a) ceannacháin de chuid fostóirí atá le taifeadh mar ioncam comhchineáil arna íoc lena bhfostaithe agus caiteachas de chuid na bhfostaithe sin ar thomhaltas críochnaitheach;

(b) ceannacháin de chuid cuideachtaí árachais príobháideacha;

(c) ceannacháin de chuid cistí slándála sóisialta agus an rialtais ghinearálta atá le haicmiú mar shochair shóisialta chomhchineáil;

(d) ceannacháin de chuid teaghlach gan aisíocaíocht (caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach).

Is é an t-aon chineál fóirdheontais nach láimhseáiltear mar dhíolacháin na fóirdheontais eile ar tháirgeadh agus ar thabhartais arna bhfáil (e.g. ó charthanais).

Ar an dóigh chéanna, mar shampla léaráideach, d'fhéadfadh seirbhísí iompair a dhíolann gnóthas freagairt do thomhaltas idirmheánach de chuid táirgeoirí, d'ioncam comhchineáil arna thabhairt ag fostóirí, do shochair shóisialta chomhchineáil arna dtabhairt ag an rialtas nó do cheannacháin de chuid teaghlach gan aisíocaíocht.

3.35 Is cás ar leith na hinstiúidí neamhbhrabúis príobháideacha a fhónann do ghnóthais. Déantar iad a mhaoiniú, de ghnáth, trí ranníocaíochtaí nó trí shuibscríbhinní ón ngrúpa gnóthas i gceist. Ní láimhseáiltear na suibscríbhinní mar aistrithe ach láimhseáiltear iad mar íocaíochtaí i leith seirbhísí arna dtabhairt, i.e. mar a láimhseáiltear díolacháin. Is táirgeoirí margaidh na hinstiúidí neamhbhrabúis sin, dá bhrí sin, agus aicmítear iad faoi earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais nó earnáil na gcorparáidí airgeadais.

3.36 Agus an critéar lena ndéantar comparáid idir díolacháin agus costais táirgthe INBanna príobháideacha nó poiblí á chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé a bheith míthreorach i gcásanna áirithe na híocaíochtaí ar fad atá nasctha le méid an aschuir a áireamh i ndíolacháin. D'fhéadfadh sé sin a bheith i bhfeidhm i gcás maoiniú, mar shampla, i ndáil scoileanna príobháideacha agus poiblí mar shampla. Is féidir íocaíochtaí ón rialtas ginearálta a nascadh le líon na ndaltaí ach is féidir iad sin a bheith ina ábhar caibidlíochta leis an rialtas ginearálta freisin. Sa chás sin, ní dhéantar na híocaíochtaí sin a thaifeadh mar dhíolacháin cé go bhféadfadh nasc follasach a bheith idir iad agus tomhas mhéid an aschuir, amhail líon na ndaltaí. Is éard a chiallaíonn sé sin gurb ionann scoil atá á maoiniú, den chuid is mó, trí íocaíochtaí den saghas sin agus táirgeoirí neamh-mhargaidh.

3.37 D'fhéadfadh táirgeoirí poiblí a bheith ina dtáirgeoirí margaidh nó ina dtáirgeoirí neamh-mhargaidh. Aicmítear táirgeoirí margaidh faoi earnálacha na gcorparáidí neamhairgeadais agus na gcorparáidí airgeadais. I gcás inar táirgeoirí neamh-mhargaidh é an t-aonad institiúideach, aicmítear é faoi earnáil an rialtais ghinearálta.

3.38 Ní féidir le APGanna áitiúla i gcáil táirgeoirí margaidh agus i gcáil táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse aschur neamh-mhargaidh a sholáthar. Ní féidir a gcuid aschuir a thaifeadh, dá bhrí sin, ach faoi aschur margaidh nó faoi aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse agus é a luacháil dá réir (féach mír 3.42 go mír 3.53).

3.39 Is féidir le APGanna áitiúla i gcáil táirgeoirí neamh-mhargaidh aschur margaidh agus aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse a sholáthar mar aschur tánaisteach. Is éard atá san aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse foirmiú caipitil ar bhonn féinchuntais. Ba cheart aon aschur margaidh atá ann a chinneadh, i bprionsabal, tríd an critéar cáilíochtaí agus an critéar cainníochtúil margaidh/neamh-mhargaidh a chur i bhfeidhm maidir le táirgí aonair. D'fhéadfadh aschur margaidh tánaisteach de chuid táirgeoirí neamh-mhargaidh den sórt sin a bheith ann, cuir i gcás, má mhuirearaíonn ospidéal rialtais praghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de i leith roinnt dá seirbhísí.

3.40 Samplaí eile iad díol macasamhla de chuid músaem rialtais agus díol réamhaisnéisí aimsire de chuid institiúidí meitéareolaíochta.

- 3.41 D'fhéadfadh ioncam a bheith ag táirgeoirí neamh-mhargaidh freisin ó dhíol a gcuid aschuir neamh-mhargaidh ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de, e.g. ioncam an mhúsaem ó thicéid iontrála. Baineann an t-ioncam sin le haschur neamh-mhargaidh. Más deacair, áfach, idirdhealú a dhéanamh idir an dá chineál ioncaim (ioncam ó thicéid agus ioncam ó dhíol póstaer agus cártaí), is féidir iad ar fad a láimhseáil mar ioncam ó aschur margaidh nó mar ioncam ó aschur neamh-mhargaidh. Ba cheart go mbraithefeadh an rogha idir an dá aicmiú éagsúla sin ar an tábhacht choibhneasta a mheastar a bheith ag an dá chineál ioncaim (ioncam ó thicéid os coinne ioncaim ó dhíol póstaer agus cártaí).

Am taifeadta agus luacháil aschuir

- 3.42 Tá aschur le taifeadadh agus le luacháil nuair a ghintear sa phróiseas táirgthe é.
- 3.43 Tá an t-aschur go léir le luacháil ag na bunphraghsanna, ach tá gnásanna sonracha i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) luacháil aschuir neamh-mhargaidh;
 - (b) luacháil aschuir iomláin táirgeora neamh-mhargaidh (APG áitiúil);
 - (c) luacháil aschuir iomláin aonaid institiúidigh a bhfuil APG áitiúil dá chuid ina tháirgeoirí neamh-mhargaidh.
- 3.44 *Sainmhíniú:* is é an bunphraghas an praghas atá infhála ag na táirgeoirí ón gceannaitheoir ar aonad earra nó seirbhíse arna tháirgeadh i gcáil aschuir, lúide aon cháin (i.e. cánacha ar tháirgí) is infoctha i leith an aonaid sin mar thoradh ar a tháirgeadh nó ar a dhíol, móide aon fhóirdheontas (i.e. fóirdheontais ar tháirgí) is infhála ar an aonad sin mar thoradh ar a tháirgeadh nó ar a dhíol. Eisiatar aon mhuirir i leith iompair a shonrascann táirgeoir ar bhonn leithleach. Eisiatar freisin gnóthachain agus cailleanais sealúchais ar shócmhainní airgeadais agus neamh-airgeadais.
- 3.45 Déantar aschur chun críche úsáide críochnaithe dílse (P.12) a luacháil ag bunphraghsanna táirgí cosúla a dhíoltar ar an margadh. Gineann an t-aschur sin glanbharrachas oibriúcháin nó ioncam measctha don aschur sin. Is sampla de sin iad seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe a ghineann glanbharrachas oibriúcháin. Mura bhfuil bunphraghsanna táirgí cosúla ar fáil ba cheart aschur chun críche úsáide críochnaithe dílse a luacháil ag na costais táirgthe móide marcáil suas (seachas i gcás táirgeoirí neamh-mhargaidh) i leith glanbharrachais oibriúcháin nó i leith ioncaim mheasctha.
- 3.46 Déantar aon bhreiseanna a chuirtear le hobair idir lámha a luacháil ag bunphraghas reatha an táirge chríochnaithe.
- 3.47 Chun luach an aschuir a láimhseáiltear mar obair idir lámha a réamh-mheas, bunaítear an luach ar na costais iarbhrí arna dtabhú, móide marcáil suas (seachas i gcás táirgeoirí neamh-mhargaidh) i leith barrachais oibriúcháin nó i leith ioncaim mheasctha. Ansin, déantar na meastacháin arna bhfáil trí luach iarbhrí (nuair is eol é) na dtáirgí críochnaithe a dháileadh thar thréimhse na hoibre idir lámha a chur in áit na meastachán sealadach.
- Is éard atá i luach aschur na dtáirgí críochnaithe suim luachanna na nithe seo a leanas:
- (a) táirgí críochnaithe arna ndíol nó arna malartú;
 - (b) iontrálacha táirgí críochnaithe sna fardail, lúide aistarraingtí;
 - (c) táirgí críochnaithe chun críche úsáide críochnaithe dílse.
- 3.48 I gcás foirgneamh agus déanmhas a fhaightear i riocht neamhiomlán, déantar luach a mheas agus é bunaithe ar na costais atá cothrom le dáta, lena n-áirítear marcáil suas i leith barrachais oibriúcháin nó i leith ioncaim mheasctha. Is féidir an uasmharcáil sin a dhéanamh nuair is féidir an luach a mheas ar bhonn praghsanna foirgneamh agus déanmhas dá samhail. Féadfar suimeanna na n-íocaíochtaí céime a úsáid chun luachanna ollfhoirmiú an chaipitil sheasta a dhéanamh an ceannaitheoir ag gach céim faoi seach a neasú, ag glacadh leis nach bhfuil aon réamhíocaíochtaí ná riaráistí i gceist.

I gcás nach gcríochnaítear tógáil struchtúir ar bhonn féinchuntais laistigh de thréimhse chuntasaíochta amháin, úsáidtear an modh seo a leanas chun luach an aschuir a mheas. Ríomhtar an cóimheas idir na costais arna dtabhú i rith na thréimhse reatha agus na costais iomlána le linn thréimhse iomlán na tógála. Cuirtear an cóimheas sin i bhfeidhm ar mheastachán an aschuir iomláin ag an mbunphraghas reatha. Mura féidir luach an struchtúir chríochnaithe a mheas ag an mbunphraghas reatha, déantar é a luacháil ar bhonn na gcostas iomlán táirgthe móide marcáil suas (seachas i gcás táirgeoirí neamh-mhargaidh) i leith barrachais oibriúcháin nó i leith ioncaim mheasctha. Más rud é go gcuirtear roinnt den saothar nó an saothar go léir ar fáil saor in aisce, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh i gcás tógála comhchoitinne de chuid teaghlach, áirítear meastachán ar an gcostas a bheadh ar shaothar ar íocaíocht sna costais iomlána táirgthe mheasta trí úsáid a bhaint as rátaí pá i gcomhair cineálacha cosúla ionchuir saothair.

- 3.49 Déantar an t-aschur iomlán ó tháirgeoir neamh-mhargaidh (APG áitiúil) a luacháil ag costais iomlána an táirgthe, i.e. suim na gcostas seo a leanas:
- (a) tomhaltas idirmheánach (P.2);
 - (b) cúiteamh d'fhostaithe (D.1);
 - (c) ídiú an chaipitil sheasta (P.51c);
 - (d) cánacha eile ar tháirgeadh (D.29) lúide fóirdheontais eile ar tháirgeadh (D.39).

Ní áirítear íocaíochtaí úis (gan FISIM a áireamh) i measc na gcostas a bhaineann le táirgeadh neamh-mhargaidh. Ní áirítear ach oiread leitháireamh i gcomhair glantoraídh ar chaipiteal, ná luach cíosa na bhfoirgneamh neamhchónaithe atá faoi úinéireacht agus atá á n-úsáid i dtáirgeadh neamh-mhargaidh faoi na costais a bhaineann le táirgeadh neamh-mhargaidh.

- 3.50 Is ionann aschur iomlán aonaid institiúidigh agus suim aschur iomlán a chomhphárteanna de APGanna áitiúla. Tá feidhm aige sin freisin maidir le haonaid institiúideacha ar táirgeoirí neamh-mhargaidh iad.
- 3.51 In éagmais aschuir thánaistigh mhargaidh de chuid táirgeoirí neamh-mhargaidh, déantar aschur neamh-mhargaidh a luacháil ag na costais táirgthe. I gcás aschuir thánaistigh mhargaidh de chuid táirgeoirí neamh-mhargaidh, déantar aschur neamh-mhargaidh a luacháil mar ítim iarmharach, i.e. na costais iomlána táirgthe lúide a n-ioncam ó aschur margaidh.
- 3.52 Déantar aschur margaidh de chuid táirgeoirí neamh-mhargaidh a luacháil ag na bunphraghsanna. Déantar aschur iomlán APG áitiúil neamh-mhargaidh a chuimsíonn a aschur margaidh, a aschur neamh-mhargaidh agus a aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse a luacháil trí bhíthin shuim na gcostas táirgthe. Faightear luach a aschuir mhargaidh trína fháltais ó dhíol táirgí margaidh, faightear luach a aschuir neamh-mhargaidh go hiarmharach ón difríocht idir luach a aschuir iomláin ar an taobh amháin agus, ar an taobh eile, suim a aschuir mhargaidh agus a aschuir chun críche úsáide críochnaithí dílse. Maidir le luach a fháltais ó dhíol earraí nó seirbhísí neamh-mhargaidh ag praghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de, is cuid de luach a aschuir neamh-mhargaidh iad.
- 3.53 Seo thíos, in ord na ranna CPA, liosta eisceachtaí agus soiléireachtaí maidir le hamanna an taifeadta agus luacháil an aschuir.

Táirgí talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaireachta (Roinn A)

- 3.54 Taifeadtar aschur táirgí talmhaíochta mar aschur táirgí talmhaíochta a tháirgtear ar bhonn leanúnach feadh thréimhse iomlán an phríosís táirgthe (agus ní amháin nuair a dhéantar na barra a shábháil nó na hainmhithe a mharú).

Déantar barra atá ag fás, adhmaid ar a chois agus stoic éisc nó stoic ainmhithe atá á saothrú chun críoch bia a láimhseáil mar fhardail oibre idir lámha feadh an phríosís táirgthe, agus déantar fardail táirgí críochnaithe díobh nuair a thagann an próiseas chun críche.

Eisiatar ó aschur aon athruithe ar acmhainní bitheolaíocha neamhshaothraithe, e.g. fás ainmhithe, éan, iasc a mhaireann san fhiántas nó fás neamhshaothraithe foraoisí.

Táirgí monaraithe (Roinn C); Obair thógála (Roinn F)

- 3.55 I gcás ina ndéantar tógáil foirgnimh nó déanmhais eile le linn roinnt tréimhsí cuntasaíochta, láimhseáiltear an t-aschur arna tháirgeadh i ngach tréimhse mar aschur a dhíoltar leis an gceannaitheoir ag deireadh na tréimhse, i.e. faoi fhoirmiú caipitil sheasta de chuid an cheannaitheora seachas faoi obair idir lámha san earnáil tógála. Láimhseáiltear an t-aschur mar aschur a dhíoltar leis an gceannaitheoir de réir a chéile. I gcás ina n-éilítear íocaíochtaí céime sa chonradh, féadfar luach an aschuir a neasú trí bhíthin luach na n-íocaíochtaí céime arna ndéanamh i ngach tréimhse. I gcás nach bhfuil aon chinnteacht maidir leis an gceannaitheoir deiridh, déantar an t-aschur neamhiomlán arna tháirgeadh i ngach tréimhse a thairgeadh faoi obair idir lámha.

Seirbhísí trádála mórdhíola agus miondhíola; seirbhísí deisithe mótarfheithiclí agus gluaisrothar (Roinn G)

- 3.56 Déantar an t-aschur ó sheirbhísí mórdhíola agus ó sheirbhísí miondhíola a thomhas de réir na gcorrlach trádála arna réadú i leith na n-earraí a cheannaíonn siad le hathdhíol.

Sainmhíniú: is éard atá i gcorrlach trádála an difríocht idir an praghas iarbhír nó an praghas barúlach arna réadú i leith earra arna cheannach lena athdhíol agus an praghas a mbeadh ar an dáileoir a íoc chun an t-earra a athsholáthar tráth a dhíola nó tráth a dhiúscair ar shlí eile.

Is féidir le corrlaigh trádála a réadaítear ar earraí áirithe bheith diúltach má mharcáiltear síos a bpragsanna díola. Bíonn corrlaigh trádála ar earraí nach ndíoltar diúltach, ós rud é go gcuirtear amú iad nó go ngoidtear iad. Corrlaigh trádála ar earraí a thugtar d'fhostaithe mar chúiteamh comhchineáil, nó a n-aistarraingíonn a n-úinéirí iad chun críche tomhaltais chríochnaithigh, tá siad cothrom le neamhní.

Ní áirítear gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais sa chorrach trádála.

Is leis an aitheantas seo a leanas a thugtar aschur mórdhíoltóra nó miondhíoltóra:

luach aschuir =

luach díolachán

móide luach na n-earraí arna gceannach lena n-athdhíol agus arna n-úsáid do thomhaltas idirmheánach, do chúiteamh comhchineáil d'fhostaithe nó d'ioncam measctha comhchineáil

lúide luach na n-earraí arna gceannach lena n-athdhíol

móide luach na mbreiseanna a chuirtear le fardail earraí atá le hathdhíol

lúide luach na n-earraí a aistarraingítear ó fhardail earraí atá le hathdhíol

lúide luach na gcaillteanas athfhilleach de thoradh gnáthrátaí diomailte, gadaíochta nó damáiste trí thaisme.

Iompar agus stóráil (Roinn H)

- 3.57 Déantar an t-aschur ó sheirbhísí iompair a thomhas de réir luach na suimeanna atá infhála i leith earraí nó daoine a iompar. Meastar gur gníomhaíocht choimhdeach é iompar chun críche úsáide dílse laistigh den APG áitiúil agus ní dhéantar é a aithint ná a thaifeadadh ar leithligh.
- 3.58 Déantar an t-aschur ó sheirbhísí stórála a thomhas mar luach breise a chuirtear le hobair idir lámha. Ba cheart gan méaduithe ar phraghas earraí i bhfardail a mheas mar obair idir lámha agus mar tháirgeadh, ach mar ghnóthachain sealúchais. Más rud é go léirítear ardú ar an bpraghas sa mhéadú ar luach ach gan aon athrú ar an gcáilíocht, níl aon táirgeadh breise i rith na tréimhse i gceist sa bhreis ar na costais stórála nó ar cheannach sainráite seirbhíse stórála. Meastar, áfach, gur táirgeadh atá sa mhéadú ar luach i dtír chás:
- (a) nuair a d'fhéadfadh cáilíocht an earra feabhsú le himeacht ama, e.g. i gcás fíona; is i gcásanna inar cuid den ghnáthphróiseas táirgthe é aibiú, agus sna cásanna sin amháin, a mheastar gur táirgeadh é feabhsú cháilíocht an earra;
 - (b) nuair a bhíonn fachtóirí séasúracha ann a mbíonn tionchar acu ar sholáthar earra shonraigh nó ar éileamh ar an earra sin agus ar cúis iad le héagsúlachtaí rialta intuartha sa phraghas i rith na bliana, cé go mb'fhéidir nár athraigh airíonna fisiceacha an earra;
 - (c) nuair atá an próiseas táirgthe fada a dhóthain chun fachtóirí lascainithe a chur i bhfeidhm ar obair a dhéantar tamall sách fada sula seachadtar í.
- 3.59 Ní láimhseáiltear an chuid is mó de na hathruithe ar phraghsanna earraí i bhfardail mar bhreiseanna a chuirtear le hobair idir lámha. Chun an méadú ar luach earraí arna stóráil os cionn na gcostas stórála a mheas, féadfar úsáid a bhaint as an méadú ar luach a bhfuil súil leis os cionn an ráta ghinearálta bhoilscithe thar thréimhse arna socrú roimh ré. Leantar d'aon ghnóthachan a tharlaíonn lasmuigh den tréimhse arna socrú roimh ré a thaifeadadh mar ghnóthachan sealúchais nó mar ghnóthachan cailteanais.
- Ní áirítear le seirbhísí stórála aon athrú ar phraghsanna de bharr shealbhú sócmhainní airgeadais, earraí luachmhara nó sócmhainní eile neamh-airgeadais amháil talamh agus foirgnimh.
- 3.60 Déantar an t-aschur ó sheirbhísí gníomhaireachtaí taistil a thomhas de réir luach mhuirir seirbhíse gníomhaireachtaí (táillí nó coimisiúin) seachas de réir an phraghais iomláin arna íoc ag taistealaithe leis an ngníomhaireacht taistil, lena n-áirítear muirir i leith iompair ag tríú páirtithe.
- 3.61 Déantar an t-aschur ó sheirbhísí tionscnóirí turas a thomhas de réir an phraghais iomláin a íocann taistealaithe leis an tionscnóir turas.
- 3.62 Is é an t-idirdhealú a dhéantar idir seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus seirbhísí tionscnóirí turas nach bhfuil i gceist le seirbhísí gníomhaireachtaí taistil ach idirghabháil thar ceann an taistealaí, ach go gcruthaíonn tionscnóirí turas táirge nua ar a dtugtar turas agus a bhfuil gnéithe éagsúla taistil, cóiríochta agus siamsaíochta ann.

Seirbhísí cóiríochta agus bia (Roinn I)

- 3.63 Áirítear le luach an aschuir ó sheirbhísí óstán, bialann agus caifé luach an bhia, na ndeochanna, etc. arna dtomhailt.

Seirbhísí airgeadais agus árachais (Roinn K): aschur ón mbanc ceannais

Seachadann an banc ceannais na seirbhísí seo a leanas:

- (a) seirbhísí beartais airgeadaíochta;
- (b) seirbhísí idirghabhála airgeadais;
- (c) seirbhísí maoirseachta chun corparáidí airgeadais a rialú.

Déantar aschur ón mbanc ceannais a thomhas mar shuim a chostais.

Seirbhísí airgeadais agus árachais (Roinn K): seirbhísí airgeadais i gcoitinne

Is iad na seirbhísí seo a leanas atá i gceist le seirbhísí airgeadais:

- (a) idirghabháil airgeadais (lena n-áirítear árachas agus cistí pinsin);
 - (b) seirbhísí corparáidí cúntacha airgeadais; agus
 - (c) seirbhísí eile airgeadais.
- 3.64 Is éard atá in idirghabháil airgeadais bainistíocht riosca airgeadais agus claochlú leachtachta. Faigheann corparáidí a dhéanann na gníomhaíochtaí sin cistí trí ghlacadh le taiscí, mar shampla, agus trí bhíllí, trí bhannaí agus trí urrúis eile a eisiúint. Úsáideann na corparáidí na cistí sin chomh maith lena gcistí féin chun sócmhainní airgeadais a fháil trí iasachtaí a thabhairt do thríú páirtithe agus trí bhíllí, trí bhannaí agus trí urrúis eile a cheannach. Áirítear árachas agus cistí pinsin in idirghabháil airgeadais.
- 3.65 Is éard is gníomhaíochtaí cúntacha airgeadais gníomhaíochtaí a éascaíonn bainistíocht riosca airgeadais agus claochlú leachtachta. Gníomhaíonn corparáidí cúntacha airgeadais thar ceann aonad eile agus ní chuireann siad iad féin i mbaol trí dhliteanais airgeadais a thabhtú ná trí shócmhainní airgeadais a fháil mar chuid de sheirbhís idirghabhála.
- 3.66 Áirítear le seirbhísí eile airgeadais seirbhísí faireacháin amhail faireachán ar mhargadh na stoc agus na mbannaí, seirbhísí slándála amhail seodra costasacha agus doiciméid thábhachtacha a chosaint, agus seirbhísí trádála amhail malairt eachtrach agus urrúis.
- 3.67 Is iad institiúidí airgeadais, agus iad sin amháin den chuid is mó, a tháirgeann seirbhísí airgeadais toisc maoirseacht ar na seirbhísí sin a bheith docht dian. Mar shampla, más mian le miondóltóir saoráidí creidmheasa a thairiscint dá chustaiméirí, is gnách go ndéanann corparáid airgeadais ar corparáid choimhdeach de chuid an mhiondóltóra í nó institiúid airgeadais speisialaithe eile na saoráidí creidmheasa a thairiscint.
- 3.68 Féadfar íoc as seirbhísí airgeadais go díreach nó go hindíreach. D'fhéadfadh muirir dhíreacha agus muirir indíreacha araon a bheith i gceist le roinnt idirbheart sócmhainní airgeadais. Soláthraítear seirbhísí airgeadais agus gearrtar muirir ina leith ar cheithre phríomhbhealach:
- (a) seirbhísí airgeadais a sholáthraítear i gcomaoin íocaíochta díri;
 - (b) seirbhísí airgeadais a n-íoctar astu trí mhuirir úis a ghearradh;
 - (c) seirbhísí airgeadais a bhaineann le sócmhainní airgeadais agus le dliteanais airgeadais a fháil agus a dhiúscairt ar mhargaí airgeadais;
 - (d) seirbhísí airgeadais a sholáthraítear mar chuid de scéimeanna árachais agus pinsin, ina maoinítear an ghníomhaíocht trí ranníocaíochtaí árachais a ghearradh agus tríd an ioncam ó choigiltis.

Seirbhísí airgeadais a sholáthraítear i gcomaoin íocaíochta díri

- 3.69 Soláthraítear na seirbhísí airgeadais seo i gcomaoin muirear sainráite agus cuimsíonn siad raon leathan seirbhísí a fhéadfaidh cineálacha éagsúla institiúidí airgeadais a sholáthar. Léirítear sna samplaí seo a leanas cineál na seirbhísí a ngearrtar muirear díreach ina leith:
- (a) gearrann bainc muirear ar theaghlaigh chun morgáiste a shocrú, punann infheistíochta a bhainistiú, agus eastát a riar;
 - (b) gearrann institiúidí speisialaithe muirear ar chorparáidí neamhairgeadais chun táthcheangal a eagrú nó chun athstruchtúrú grúpa corparáidí a riar;

- (c) gearrann cuideachtaí cártaí creidmheasa muirear ar aonaid a ghlacann le cártaí creidmheasa, muirear arb ionann é de ghnáth agus cionmhaireacht de gach díolachán;
- (d) gearrtar muirear sainráite, in aghaidh na bliana de ghnáth, ar shealbhóir cárta as an gcárta a bheith aige.

Seirbhísí airgeadais a níotar astu trí mhuirir úis a ghearradh

- 3.70 Mar shampla, san idirghabháil airgeadais, glacann institiúid airgeadais amhail banc le taiscí ó aonaid ar mian leo ús a fháil ar chistí nach bhfuil ag teastáil uathu láithreach agus a thugann na cistí sin ar iasacht d'aonaid eile nach leor a gcistí dílse chun a riachtanais a shásamh. Ar an dóigh sin, soláthraíonn an banc meicníocht ionas go mbeidh an chéad aonad in ann iasacht a thabhairt don dara haonad. Íocann an dá pháirtí táille leis an mbanc as an tseirbhís arna soláthar: íocann an t-aonad atá ag tabhairt cistí ar iasacht trí ghlacadh le ráta úis atá níos ísle ná an ráta "tagartha" úis, agus íocann an t-aonad atá ag fáil cistí ar iasacht trí ghlacadh le ráta úis atá níos airde ná an ráta "tagartha" úis. Is ionann an difríocht idir an ráta úis a íocann iasachtaithe le bainc agus an ráta úis a íoctar iarbhrí le taisceoirí agus muirear i leith FISIM.
- 3.71 Is annamh a fhreagraíonn méid na gcistí a thugann institiúid airgeadais ar iasacht go cruinn don mhéid arna chur i dtaisce leo. D'fhéadfadh sé gur cuireadh roinnt airgid i dtaisce ach nár tugadh an t-airgead sin ar iasacht fós. D'fhéadfaí roinnt iasachtaí a mhaoiniú ó chistí an bhainc seachas ó chistí a fuarthas ar iasacht. Beag beann ar fhoinsé an mhaoinithe, soláthraítear seirbhís i gcomhair na n-iasachtaí agus na dtaiscí a thairgtear. Déantar gach iasacht agus gach taisce a thairgeadh mar FISIM. Ní bhaineann na muirir indíreacha sin ach le hiasachtaí agus taiscí arna soláthar ag institiúidí airgeadais nó arna gcur i dtaisce leo.
- 3.72 Tá an ráta tagartha idir rátaí úis bainc ar thaiscí agus ar iasachtaí. Ní fhreagraíonn sé do mheán uimhríochtúil na rátaí ar iasachtaí nó ar thaiscí. Is rogha oiriúnach é an ráta atá i réim maidir le hiasachtaíocht agus le hiasachtú idir bhainc. Tá gá, áfach, le rátaí éagsúla tagartha do gach airgeadra ina n-ainmnítear iasachtaí agus taiscí, go háirithe nuair atá institiúidí airgeadais neamhchónaitheach i gceist.

Cuirtear síos go mion ar FISIM i gCaibidil 14.

Seirbhísí airgeadais arb éard iad sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a fháil agus a dhiúscairt ar mhargáí airgeadais

- 3.73 I gcás ina dtairgeann institiúid airgeadais urrús (e.g. bille nó banna) chun a dhíolta, toibhítear muirear seirbhíse. Is ionann an praghas ceannaigh (an praghas iarrata) agus luach measta margaidh an urrúis móide corrlach. Toibhítear muirear eile nuair a dhíoltar an t-urrús agus nuair a bhíonn an praghas a thairgtear don díoltóir (an praghas tairgthe) cothrom leis an luach margaidh lúide corrlach. Baineann corrlaigh idir praghsanna ceannaigh agus praghsanna díola freisin le cothromais, le scaireanna i gcistí infheistíochta agus le hairgeadraí eachtracha. Is le haghaidh soláthar seirbhísí airgeadais na corrlaigh sin.

Seirbhísí airgeadais a sholáthraítear mar chuid de scéimeanna árachais agus pinsin ina maoinítear gníomhaíocht trí ranníocaíochtaí árachais a ghearradh agus tríd an ioncam ó choigiltis

- 3.74 Tagann na seirbhísí airgeadais seo a leanas faoin gceannnteideal seo. Athdháileadh cistí an toradh a bhíonn ar gach ceann acu.
- (a) Árachas neamhshaoil. Faoi pholasaí árachais neamhshaoil, glacann an chuideachta árachais le préimh ó chliant agus coimeádann sí í go ndéantar éileamh nó go n-éagann tréimhse an árachais. Déanann an chuideachta árachais an phréimh a infheistiú agus is foinsé bhreise cistí é an t-ioncam ó mhaoin a thagann as an infheistíocht sin. Seasann an t-ioncam ó mhaoin d'ioncam nach bhfaigheann an cliant agus láimhseáiltear é mar fhorlíonadh intuigthe leis an bpréimh iarbhrí. Socraíonn an chuideachta árachais leibhéal na bpréimheanna iarbhrí ionas go bhféadfaidh suim na bpréimheanna móide an t-ioncam ó mhaoin arna thuilleamh orthu lúide na héilimh ionchais corrlach a choimeádfaidh an chuideachta árachais mar aschur don chuideachta.

Ríomhtar an t-aschur ó árachas neamhshaoil mar seo a leanas:

iomlán na bpréimheanna tuillte

móide forlíontaí intuigthe préimhe (atá cothrom leis an ioncam ó mhaoin arna thuilleamh ar chúlchistí teicniúla)

lúide éilimh thabhairthe choigeartaithe.

Tá cúlchistí ag an gcorparáid árachais ina bhfuil préimheanna neamhthuillte (préimheanna iarbhrí a bhaineann leis an gcéad tréimhse chuntasaíochta eile) agus éilimh gan íoc. Cuimsítear le héilimh gan íoc éilimh nár tuairiscíodh go fóill, éilimh a tuairiscíodh ach nach bhfuil socraithe go fóill nó éilimh a tuairiscíodh agus a socraíodh ach nach bhfuil íochta go fóill. Tugtar cúlchistí teicniúla ar na cúlchistí sin agus úsáidtear iad chun ioncam infheistíochta a ghiniúint. Ní ioncam ó chúlchistí teicniúla árachais a infheistiú iad gnóthachain sealúchais ná cailteanais sealúchais. Féadfar na cúlchistí teicniúla árachais a infheistiú i ngníomhaíochtaí tánaisteacha na cuideachta árachais, e.g. teaghaisí nó oifigí a ghlacadh ar cíós. Is ionann an glanbharrachas oibriúcháin ar na gníomhaíochtaí tánaisteacha sin agus ioncam ó chúlchistí teicniúla árachais a infheistiú.

Tugtar “éilimh choigeartaithe” ar an leibhéal iomchuí éileamh a úsáidtear chun aschur a ríomh agus is féidir an leibhéal sin a chinneadh ar dhá bhealach. Leis an modh ionchais déantar leibhéal na n-éileamh choigeartaithe a mheas ar bhonn múnla atá bunaithe ar phatrún na n-éileamh iníoctha ag an gcorparáid san am atá thart. Úsáideann an dara modh faisnéis chuntasaíochta: ríomhtar éilimh choigeartaithe *ex post* tríd an athrú ar fhorálacha comhionannaithe a chur leis na héilimh iarbhrí, i.e. na cistí a cuireadh i leataobh chun déileáil le héilimh mhóra gan choinne. I gcás nach leor na forálacha comhionannaithe chun éilimh choigeartaithe a thabhairt ar ais go gnáthleibhéal, cuirtear ranníocaíochtaí ó chistí dílse le tomhas na n-éileamh choigeartaithe. Gné shuntasach den dá mhodh is ea nach dtagann meastacháin luaineacha agus dhiúltacha ar aschur as éilimh mhóra gan choinne.

Déantar athruithe ar chúlchistí teicniúla agus ar fhorálacha comhionannaithe mar fhreagairt ar athruithe ar rialú airgeadais a thairfeadh mar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní; ní bhaineann siad le hábhar chun aschur a ríomh. Más rud é, de dheasca easpa faisnéise, nach féidir ceachtar den dá mhodh a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar éilimh choigeartaithe, d'fhéadfadh sé gur gá meastachán a dhéanamh ar aschur trí shuim na gcostas a ríomh, lena n-áirítear liúntas le haghaidh gnáthbhrabús.

I gcás árachais le brabús, asbhaintear an t-athrú ar na cúlchistí árachais le brabús chun aschur a fháil.

- (b) Is cineál scéime coigiltis é polasaí árachais saoil. Ar feadh líon áirithe blianta, íocann an sealbhóir polasaí préimheanna leis an gcorparáid árachais i gcomaoin gealltanais go mbeidh sochair le fáil ag an sealbhóir polasaí am éigin sa todhchaí. Féadfar na sochair sin a shloinneadh mar fhoirmle a bhaineann leis na préimheanna arna n-íoc nó féadfaidh siad a bheith ag brath ar an rath a bhíonn ar an infheistíocht cistí a dhéanann an chorparáid árachais. Leanann an modh chun an t-aschur a bhaineann le hárachas saoil a ríomh na príonsabail ghinearálta chéanna is a leanann an modh a úsáidtear i gcás árachais neamhshaoil. De thoradh fhad an ama idir an tráth a bhfaightear préimheanna agus an tráth a n-íoctar sochair, áfach, ní mór coigeartuithe ar leith a dhéanamh le haghaidh athruithe ar na cúlchistí teicniúla. Díorthaítear an t-aschur ó árachas saoil mar seo a leanas:

préimheanna tuillte

móide forlíontaí préimhe, *lúide* na sochair dlíte

lúide méaduithe (*móide* laghduithe) ar chúlchistí teicniúla árachais saoil.

Sainítear préimheanna ar an mbealach céanna i gcás árachais saoil is a shainítear iad i gcás árachais neamhshaoil. Is tábhachtaí forlíontaí préimhe i gcás árachais saoil ná i gcás árachais neamhshaoil. Déantar sochair a thairfeadh de réir mar a bhronntar nó mar a íoctar iad. Ní gá faoi árachas saoil meastachán choigeartaithe ar shochair a ríomh toisc nach bhfuil an luaineacht chéanna gan choinne ag baint le híocaíocht faoi pholasaí saoil. Méadaíonn cúlchistí teicniúla árachais saoil gach bliain de bhrí go n-íoctar préimheanna nua agus de bhrí go leithdháiltear ioncam ó infheistíocht ar na sealbhóirí polasaí (ach nach n-aistarraingíonn siad é) agus laghdaíonn siad de bhrí go n-íoctar sochair. Is féidir, dá bhrí sin, leibhéal an aschuir ó árachas saoil a shloinneadh mar an difríocht idir an t-ioncam iomlán ó infheistíocht arna thuilleamh ar na cúlchistí teicniúla árachais saoil lúide an chuid sin den ioncam ó infheistíocht a leithdháileadh iarbhrí ar na sealbhóirí polasaithe agus a cuireadh leis na cúlchistí teicniúla árachais.

Nuair nach féidir úsáid a bhaint as an modh sin ar chúiseanna a bhaineann le sonraí nó nuair nach bhfaightear torthaí fóinteacha tríd an modh sin a úsáid, déanfar an t-aschur ó árachas saoil a ríomh freisin mar shuim na gcostas táirgthe móide liúntas le haghaidh “gnáthbhrabús”.

- (c) Tá an t-aschur ó athárachas le cinneadh ar an mbealach céanna is atá sé le cinneadh i gcás árachais neamhshaoil, cibé acu polasaithe saoil nó polasaithe neamhshaoil atá á n-atharachú.
- (d) Is ar an dóigh a bhfuil an scéim eagraithe a bhraitheann an t-aschur ó réachtáil scéime árachais shóisialta. Is samplaí an méid seo a leanas den dóigh a n-eagraítear iad:
- (1) is scéimeanna árachais shóisialta iad scéimeanna slándála sóisialta a chuimsíonn an pobal ar fad, agus a fhorchuireann agus a rialaíonn an rialtas. Is é is cuspóir leo sochair a sholáthar do shaoránaigh chun freastal ar riachtanais na seanaoise, na heasláine nó an bháis, na breoiteachta, gortaithe ar an láthair oibre, na difhostaíochta, an teaghlaigh agus cúraim sláinte, etc. Má idirdhealaítear aonaid ar leith, cinntear a n-aschur ar an mbealach céanna is a chinntear gach aschur neamh-mhargaidh, is é sin le rá trí shuim na gcostas a ríomh. Mura n-idirdhealaítear aonaid ar leith, áirítear an t-aschur ó shlándáil shóisialta in aschur leibhéal an rialtais ag a n-oibríonn sí;
 - (2) i gcás ina n-oibríonn fostóir a scéim árachais shóisialta féin, cinntear luach an aschuir mar shuim na gcostas lena n-áirítear meastachán ar thoradh ar aon chaipiteal seasta a úsáidtear in oibriú na scéime. Déantar luach an aschuir a thomhas ar an mbealach céanna i gcás ina mbunaíonn an fostóir ciste pinsin ar leith chun an scéim a bhainistiú;

- (3) i gcás ina n-úsáideann an fostóir corparáid árachais chun an scéim a bhainistiú thar a cheann, is ionann luach an aschuir agus an táille a mhuirearaíonn an chorparáid árachais;
- (4) maidir le scéim ilfhostóirí, déantar luach an aschuir a thomhas mar a dhéantar é a thomhas i gcás polasaithe árachais saoil: is éard atá ann ioncam ó infheistíocht a fuair na scéimeanna lúide an tsuim curtha le cúlchistí.
- (e) Is ar an gcineál táirgeora atá i gceist a bhraitheann tomhas an aschuir ó scéimeanna caighdeánaithe ráthaíochta iasachtaí. Má oibríonn scéim chaighdeánaithe ráthaíochta iasachtaí mar tháirgeoir margaidh, ríomhtar luach an aschuir ar an mbealach céanna is a ríomhtar é i gcás árachais neamhshaoil. Má oibríonn an scéim mar tháirgeoir neamh-mhargaidh, ríomhtar luach an aschuir mar shuim na gcostas.

Seirbhísí eastáit réadaigh (Roinn L)

- 3.75 Déantar an t-aschur ó sheirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe a luacháil ag an luach measta cíosa a d'íocadh tionónta ar an gcóiríocht chéanna, ag cur fachtóirí mar an suíomh, taitneamhachtaí sa chomharsanacht, etc. san áireamh, mar aon le méid agus cáilíocht na teaghaise féin. Déantar amhlaidh freisin i gcás garáistí nach bhfuil ar an suíomh céanna leis na teaghaisí, agus atá á n-úsáid ag an úinéir chun críche tomhaltais chríochnaithe maidir leis an teaghais a úsáid. Níor cheart luach cíosa teaghaisí úinéirí-áitithe ar an gcoigríoch, e.g. tithe saoire, a thaifeadadh mar chuid den táirgeadh intíre, ach faoi allmhairí seirbhísí agus faoin nglanbharrachas oibriúcháin comhfhreagrach mar ioncam príomha a fhaightear ón gcuid eile den domhan. Déantar iontrálacha den chineál céanna i gcás teaghaisí úinéirí-áitithe atá faoi úinéireacht neamhchónaitheach. I gcás árasán amroinnte, déantar cionmhaireacht den mhuirear seirbhíse a thaifeadadh.
- 3.76 Chun meastachán a dhéanamh ar luach seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe, úsáidtear an modh srathaithe. Srathaithe an stoc teaghaisí de réir suímh, chineál na teaghaise agus fachtóirí eile a dhéanann difear don chíos. Úsáidtear faisnéis faoi chíosa iarbhrí ó theaghaisí ar cíos chun meastachán a fháil ar luach cíosa an stoic iomláin teaghaisí. Cuirtear an meánchíos iarbhrí in aghaidh na sraithe i bhfeidhm ar gach teaghais sa tsraith áirithe sin. Má fhaightear an fhaisnéis faoi chíosanna ó shuirbhéanna samplacha, baineann an t-ollardú go dtí cíosanna an stoic iomláin le cuid de na teaghaisí ar cíos agus leis na teaghaisí úinéirí-áitithe go léir. Cuirtear an nós imeachta mionsonraithe chun an cíos in aghaidh na sraithe a chinneadh i bhfeidhm maidir le bonnbhlain agus ansin déantar an toradh a eachtarshuí go tréimhsí níos déanaí.
- 3.77 Sainmhínítear an cíos atá le cur i bhfeidhm sa mhodh srathaithe maidir le teaghaisí úinéirí-áitithe mar an cíos dlite ar an margadh príobháideach do cheart teaghais gan troscán a úsáid. Úsáidtear na cíosanna teaghaisí gan troscán ó na conarthaí go léir ar an margadh príobháideach chun cíosanna barúlacha a chinneadh. Áirítear cíosanna ar an margadh príobháideach atá ar leibhéal íseal de bharr rialáil a dhéanann an rialtas. Más é an tionónta foinsé na faisnéise, ceartaítear an cíos breathnaithe trí aon liúntas sonrach cíosa a chur leis, ar liúntas é a íoctar go díreach leis an tiarna talún. Mura bhfuil an samplamhéid do na cíosanna breathnaithe mar a shainmhínítear iad thuas sách mór, féadfar cíosanna breathnaithe teaghaisí le troscán a úsáid chun críoch leitháirimh, ar choinníoll go gcoigeartaítear iad i leith an troscáin. Ar bhonn eisceachtúil, féadfar cíosanna méadaithe teaghaisí atá faoi úinéireacht phoiblí a úsáid freisin. Níor cheart cíosanna ísle teaghaisí a ligtear ar cíos do ghaolta nó d'fhostaithe a úsáid.
- 3.78 Úsáidtear an modh srathaithe chun "ollardú" go dtí gach teaghais ar cíos a dhéanamh. Seans nach mbeidh an meánchíos le haghaidh leitháirimh a ndéantar cur síos air thuas oiriúnach do dheighleoga áirithe an mhargaidh cíosa. Mar shampla, níl cíosanna laghdaithe teaghaisí le troscán ná cíosanna poiblí méadaithe oiriúnach maidir leis na teaghaisí comhfhreagracha ar cíos iarbhrí. Sa chás sin, tá gá le sraitheanna ar leith le haghaidh teaghaisí le troscán nó teaghaisí sóisialta ar cíos iarbhrí mar aon le meánchíosanna iomchuí.
- 3.79 In éagmais margaidh chíosa atá sách mór, ina bhfuil an chóiríocht ionadaíoch do theaghaisí úinéirí-áitithe, cuirtear modh na gcostas úsáide i bhfeidhm maidir le teaghaisí úinéirí-áitithe.
- Faoi mhodh na gcostas úsáide, is éard atá in aschur ó sheirbhísí teaghaisí suim an tomhaltais idirmheánaigh, ídiú an chaipitil sheasta, cánacha eile lúide fóirdheontais ar tháirgeadh agus an glanbharrachas oibriúcháin.
- Déantar an glanbharrachas oibriúcháin a thomhas trí ráta seasta bliantúil réadach fáltas a chur i bhfeidhm maidir le glanluach an stoic teaghaisí úinéirí-áitithe ag praghsanna reatha (costais athsholáthair).
- 3.80 I gcás foirgneamh neamhchónaithe, déantar an t-aschur ó sheirbhísí eastáit réadaigh a thomhas de réir luach na gcíosanna dlite.

Seirbhísí gairmiúla, eolaíoch agus teicniúla (Roinn M); Seirbhísí riaracháin agus tacaíochta (Roinn N)

- 3.81 Déantar an t-aschur ó oibriú seirbhísí léasaithe, amhail innealra agus trealamh a ligean ar cíos, a thomhas de réir luach an chíosa a íoctar. Ní hionann léasú oibriúcháin agus léasú airgeadais: is éard atá i léasú airgeadais éadálacha sócmhainní seasta a mhaoiniú, trí iasacht a thabhairt ón léasóir don léasaí. Is éard atá in íocaíochtaí léasaithe airgeadais aísíocaíochtaí i leith na príomhshuime agus íocaíochtaí úis, agus muirear beag i leith seirbhísí díreacha arna soláthar (féach Caibidil 15: Conarthaí, léasanna agus ceadúnais).

- 3.82 Is éard atá i dtairgthe agus forbairt (T&F) obair chruthaitheach a dhéantar ar bhonn córasach chun cur leis an stór eolais, agus úsáid a bhaint as an stór eolais sin chun táirgí nua a aimsiú nó a fhorbairt, lena n-áirítear leaganacha feabhsaithe de tháirgí atá ann cheana nó cáilíocht na dtáirgí sin a fheabhsú, nó próisis nua táirgthe nó próisis táirgthe níos éifeachtúla a aimsiú nó a fhorbairt. Déantar gníomhaíochtaí T&F a bhfuil méid suntasach iontu i gcoibhneas leis an bpríomhghníomhaíocht a thaifeadh mar ghníomhaíocht thánaisteach den APG áitiúil. Déantar APG áitiúil ar leith a idirdhealú le haghaidh T&F nuair is féidir.
- 3.83 Déantar an t-aschur ó sheirbhísí T&F a thomhas mar seo a leanas:
- (a) déantar T&F a dhéanann sainsaotharlanna tráchtála taighde nó saininstitiúidí tráchtála taighde a luacháil ar an ngnáthbhealach de réir an ioncain ó dhíolacháin, ó chonarthaí, ó choimisiúin, ó tháillí, etc.;
 - (b) déantar an t-aschur ó T&F arna úsáid laistigh den ghnóthas céanna a luacháil ar bhonn na mbunphraghsanna measta a d'íocfaí dá bhfochonrófaí an taighde. In éagmais margaidh chun T&F de chineál cosúil a fhochonrú, déantar é a luacháil mar shuim na gcostas táirgthe móide marcáil suas (seachas i gcás táirgeoirí neamh-mhargaidh) i leith glanbharrachais oibriúcháin nó ioncain mheasctha;
 - (c) déantar na gníomhaíochtaí T&F a dhéanann aonaid rialtais, ollscoileanna agus institiúidí taighde neamhbhrabúis a luacháil mar shuim na gcostas táirgthe. Tá ioncam ó dhíol T&F a dhéanann táirgeoirí neamh-mhargaidh T&F le taifeadh mar ioncam ó aschur thánaisteach margaidh.

Idirdhealaítear caiteachas ar T&F ó chaiteachas ar oideachas agus ar oiliúint. Eisiatar ón gcaiteachas ar T&F na costais a bhaineann le forbairt bogearraí mar phríomhghníomhaíocht nó mar ghníomhaíocht thánaisteach.

Seirbhísí riaracháin phoiblí agus cosanta, seirbhísí slándála sóisialta éigeantaí (Roinn O)

- 3.84 Déantar seirbhísí riaracháin phoiblí agus cosanta agus seirbhísí slándála sóisialta éigeantaí a sholáthar mar sheirbhísí neamh-mhargaidh agus déantar iad a luacháil dá réir sin.

Seirbhísí oideachais (Roinn P); seirbhísí sláinte daonna agus oibre sóisialta (Roinn Q)

- 3.85 I gcás seirbhísí oideachais agus seirbhísí sláinte, déantar idirdhealú beacht a tharraingt idir táirgeoirí margaidh agus táirgeoirí neamh-mhargaidh agus idir a n-aschur margaidh agus a n-aschur neamh-mhargaidh. Mar shampla, is féidir le hinstitiúidí rialtais (nó le hinstitiúidí eile trí fhóirdheontais shonracha) táillí ainmniúla a thobhach i gcás cineálacha áirithe oideachais agus cóireálacha leighis, ach féadfaidh siad taraifí tráchtála a mhuirearú i gcás oideachais eile agus sainchóireálacha leighis. Sampla eile is ea go ndéanann an rialtas, ar an taobh amháin, agus institiúidí tráchtála, ar an taobh eile, an cineál céanna seirbhíse (e.g. ardoideachas) a sholáthar.

Eisiatar seirbhísí oideachais agus sláinte ó ghníomhaíochtaí T&F; eisiatar oideachas cúraim sláinte, e.g. in ospidéal acadúla, ó sheirbhísí sláinte.

Na healaíona, siamsaíocht agus seirbhísí caitimh aimsire (Roinn R); Seirbhísí eile (Roinn S)

- 3.86 Is próiseas dhá chéim atá i dtáirgeadh leabhar, taifeadtaí, scannán, bogearraí, téipeanna, dioscaí, etc. agus déantar é a thomhas dá réir sin:
- (1) déantar an t-aschur ó tháirgeadh bunábhar — táirge maoinne intleachtúla — a thomhas de réir an phraghais arna íoc i gcás a ndíola, nó, i gcás nach ndíoltar iad, de réir an bhunphraghais arna íoc ar bhunábhair chosúla, de réir a gcostais táirgthe (lena n-áirítear marcáil suas i leith glanbharrachais oibriúcháin) nó de réir luach lascaithe na bhfálta a bhfuil súil leo ón mbunábhar sin a úsáid i dtáirgeadh;
 - (2) féadfaidh úinéir na sócmhainne sin an tsócmhainn a úsáid go díreach nó chun cóipeanna a tháirgeadh i dtréimhsí ina dhiaidh sin. I gcás ina bhfuil táirgeoirí eile ceadúnaithe ag an úinéir chun úsáid a bhaint as an mbunábhar i dtáirgeadh, is ionann na táillí, na coimisiúin, na ríchiosanna, etc. a fhaightear ó na ceadúnaithe agus aschur ó na seirbhísí. Is ionann díolachán bunábhair, áfach, agus foirmiú diúltach caipitil sheasta.

Teaghlaigh phríobháideacha mar fhostóirí (Roinn T)

- 3.87 Déantar an t-aschur ó sheirbhísí teaghlaigh a tháirgeann fostaithe ar íocaíocht a luacháil de réir an chúitimh d'fhostaithe arna íoc; áirítear aon chúiteamh comhchineáil, amhail bia nó cóiríocht, sa luacháil sin.

TOMHALTAS IDIRMHEÁNACH (P.2)

- 3.88 *Sainmhíniú:* is éard atá i dtomhaltas idirmheánach earraí agus seirbhísí arna dtomhailt mar ionchur ag próiseas táirgthe, gan sócmhainní seasta a ndéantar a dtomhailt a thaifeadh mar ídiú an chaipitil sheasta a áireamh. Déantar na hearraí agus na seirbhísí a chlaohlú nó a ídiú sa phróiseas táirgthe.

3.89 Áirítear na cásanna seo a leanas i dtomhaltas idirmheánach:

- (a) earraí agus seirbhísí a úsáidtear mar ionchur i gníomhaíochtaí coimhdeacha. Ar shamplaí coitianta tá ceannach, díolacháin, margáíocht, cuntasáíocht, próiseáil sonraí, iompar, stóráil, cothabháil, slándáil, etc. Ní dhéantar na hearraí ná na seirbhísí sin a idirdhealú ó na hearraí agus na seirbhísí a thomhlaíonn príomhghníomhaíocht nó gníomhaíochtaí tánaisteacha APG áitiúil;
- (b) earraí agus seirbhísí a fhaightear ó APG áitiúil eile den aonad institiúideach céanna;
- (c) cíosanna sócmhainní seasta, e.g. léasú oibríúcháin innealra, gluasteán, bogearraí agus bunábhar siamsaíochta;
- (d) táill do chonarthaí gearrthéarmacha, do léasanna gearrthéarmacha agus do cheadúnais ghearrthéarmacha arna dtairgeadh mar shócmhainní neamhtháirgthe; eisiatar leis sin ceannach na sócmhainní neamhtháirgthe sin;
- (e) na suibscríbhinní, ranníocaíochtaí nó dleachtanna arna n-íoc le cumainn ghnó neamhbhrabúis (féach mír 3.35);
- (f) ítimí nach láimhseáiltear mar ollfhoirmiú caipitil sheasta, mar shampla:
 - (1) uirlisí neamhchostasacha a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí coitianta, amhail sábhá, spáda, sceana, scríúirí, castairí, rinsí agus uirlisí eile láimhe; gléasanna beaga, amhail áireamháin phóca. Déantar an caiteachas ar fad ar na hearraí marthanacha sin a thairgeadh mar thomhaltas idirmheánach;
 - (2) cothabháil rialta agus deisiúchán rialta na sócmhainní seasta a úsáidtear i dtáirgeadh;
 - (3) seirbhísí oiliúna foirne, taighde margaidh agus gníomhaíochtaí cosúla, a cheannaítear ó ghníomhaireacht sheachtrach nó a sholáthraíonn APG áitiúil ar leith den aonad institiúideach céanna;
 - (4) láimhseálfar caiteachas ar T&F mar fhoirmiú caipitil sheasta nuair a bheidh leibhéal sách ard iontaofachta agus inchomparáideachta bainte amach ag meastacháin na mBallstát;
- (g) caiteachas de chuid fostaithe, arna aisíoc ag an bhfostóir, ar ítimí a bhfuil gá leo do phróiseas táirgthe na bhfostóirí, amhail oibleagáidí conarthacha maidir le huirlisí nó éadaí sábháilteachta a cheannach ar bhonn féinchuntais;
- (h) caiteachas de chuid fostóirí atá chun a sochair féin agus chun sochair a bhfostaithe, toisc go bhfuil sé riachtanach don táirgeadh. Ar na táirgí sin tá:
 - (1) aisíocaíochtaí d'fhostaithe as costais taistil, scartha, aistrithe agus siamsaíochta arna dtabhú agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu;
 - (2) áiseanna a sholáthar san ionad oibre.

Tugtar liosta an chaiteachais ábhartha sna míreanna sin a bhaineann le cúiteamh d'fhostaithe (D.1) (féach mír 4.07);
- (i) muirir seirbhíse árachais neamhshaoil arna n-íoc ag APGanna áitiúla (féach Caibidil 16: Árachas). Chun an muirear seirbhíse amháin a thairgeadh mar thomhaltas idirmheánach lascainítear na préimheanna arna n-íoc, e.g. éilimh arna n-íoc agus an glanathrú ar chúlchistí achtúireacha. Leithdháilfear an glanathrú ar chúlchistí achtúireacha ar APGanna áitiúla mar chionmhaireacht de na préimheanna arna n-íoc;
- (j) FISIM arna gceannach ag táirgeoirí cónaitheacha;
- (k) ba cheart aschur neamh-mhargaidh an aschuir ón mbanc ceannais a leithdháileadh go hiomlán ar thomhaltas idirmheánach idirghabhálaithe eile airgeadais.

3.90 Eisiatar an méid seo a leanas ó thomhaltas idirmheánach:

- (a) ítimí a láimhseáiltear mar ollfhoirmiú caipitil sheasta, mar shampla:
 - (1) earraí luachmhara;
 - (2) taiscéalaíocht mianraí;

- (3) feabhsuithe móra sa bhreis ar na cinn a bhfuil gá leo chun na sócmhainní seasta a choinneáil in ord ceart oibre. Is samplaí iad athchóiriú, atógáil nó méadú;
- (4) bogearraí arna gceannach nó arna dtáirgeadh ar bhonn féinchuntais;
- (5) airm mhíleata agus an trealamh chun iad a sheachadadh;
- (b) caiteachas a láimhseáiltear mar cheannach sócmhainní neamhtháirgthe. Mar shampla conarthaí fadtéarmacha, léasanna fadtéarmacha agus ceadúnais fhadtéarmacha (féach Caibidil 15);
- (c) caiteachas fostóirí a láimhseáiltear mar phá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil;
- (d) úsáid arna baint ag aonaid táirgthe margaidh nó ag aonaid táirgthe féinchuntais as seirbhísí comhchoiteanna arna soláthar ag aonaid rialtais (a láimhseáiltear mar chaiteachas ar thomhaltas comhchoiteann de chuid an rialtais);
- (e) earraí agus seirbhísí arna dtáirgeadh agus arna dtomhailt laistigh den tréimhse chuntasaíochta chéanna agus laistigh den APG áitiúil céanna (ní dhéantar iad a thaifeadadh mar aschur ach an oiread);
- (f) íocaíochtaí le haghaidh ceadúnas ón rialtas agus táillí a láimhseáiltear mar chánacha eile ar tháirgeadh;
- (g) íocaíochtaí as ceadúnas chun acmhainní nádúrtha (e.g. talamh) a úsáid, ar íocaíochtaí iad a láimhseáiltear mar chíosanna, i.e. mar íocaíocht ioncaim ó mhaoin.

Am taifeadta agus luacháil tomhaltais idirmheánaigh

- 3.91 Déantar táirgí arna n-úsáid chun críche tomhaltais idirmheánaigh a thaifeadadh agus a luacháil tráth a dtéann siad isteach sa phróiseas táirgthe. Luacháiltear iad ag praghsanna na gceannaitheoirí ar earraí dá samhail nó ar sheirbhísí dá samhail tráth na húsáide.
- 3.92 Ní dhéanann aonaid táirgthe úsáid earraí i dtáirgeadh a thaifeadadh go díreach. Déanann siad na ceannacháin a bheartaítear a úsáid mar ionchur a thaifeadadh lúide an méadú ar mhéideanna earraí den saghas sin atá sna fardail.

TOMHALTAS CRÍOCHNAITHEACH (P.3, P.4)

- 3.93 Baintear úsáid as dhá choincheap tomhaltais chríochnaitheach:

- (a) caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3);
- (b) tomhaltas críochnaitheach iarbhír (P.4).

Is éard atá i gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí a úsáideann teaghlaigh, INBFTanna agus an rialtas chun riachtanais aonair agus riachtanais chomhchoiteanna a shásamh. I gcontrárthacht leis sin, tagraíonn tomhaltas críochnaitheach iarbhír dá n-éadálacha earraí agus seirbhísí chun críche tomhaltais. Baineann an difríocht idir na coincheapa sin leis an gcaoi a láimhseáiltear earraí áirithe agus seirbhísí áirithe a mhaoiníonn an rialtas nó INBFTanna ach a sholáthraítear do theaghlaigh mar aistrithe sóisialta comhchineáil.

Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3)

- 3.94 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach caiteachas arna thabhtú ag aonaid institiúideacha chónaitheacha ar earraí nó ar sheirbhísí a úsáidtear chun riachtanais aonair nó mianta aonair nó riachtanais chomhchoiteanna ball den phobal a shásamh go díreach.
- 3.95 Is samplaí iad seo a leanas de chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach:
 - (a) seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe;
 - (b) ioncam comhchineáil, amhail:
 - (1) earraí agus seirbhísí a fhaigheann fostaithe i bhfoirm ioncaim chomhchineáil;
 - (2) earraí nó seirbhísí arna dtáirgeadh mar aschur ó ghnóthais neamhchorpraithe atá faoi úinéireacht na dteaghlach agus arna gcoimeád chun críche tomhaltais ag baill den teaghlach. Is samplaí iad bia agus earraí eile talmhaíochta, seirbhísí tithíochta a sholáthraíonn úinéirí-áititheoirí agus seirbhísí tí a tháirgeann fostaithe ar íocaíocht (searbhóntaí, cócairí, garraíodóirí, tiománaithe, srl.);

- (c) ítimí nach láimhseáiltear mar thomhaltas idirmheánach, mar shampla:
- (1) ábhair a bhaineann le miondeisiúcháin ar theaghaisí agus le maisiúcháin iontu de chineál a dhéanann tionóntaí mar aon le húinéirí;
 - (2) ábhair a bhaineann le deisiúcháin agus le cothabháil earraí marthanacha tomhaltais, lena n-áirítear feithiclí;
- (d) ítimí nach láimhseáiltear mar fhoirmiú caipitil, go háirithe earraí marthanacha tomhaltais, a leanann dá bhfeidhm a bheith ag feidhmiú feadh roinnt tréimhsí cuntasafóchta; áirítear leis sin aistriú úinéireacht roinnt earraí marthanacha ó ghnóthas go teaghlach;
- (e) seirbhísí airgeadais a mhuirearaítear go díreach agus an chuid de FISIM a úsáideann teaghlaigh chun críche tomhaltais chríochnaithe;
- (f) seirbhísí árachais de réir shuim an mhuirir seirbhíse intuigthe;
- (g) seirbhísí maoinithe pinsin de réir shuim an mhuirir seirbhíse intuigthe;
- (h) íocaíochtaí arna ndéanamh ag teaghlaigh ar cheadúnais, ar cheadanna, srl. a láimhseáiltear mar cheannacháin seirbhísí (féach mír 4.79 agus mír 4.80);
- (i) ceannach aschuir ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de, e.g. táillí iontrála ag músaem.

3.96 Eisiatar an méid seo a leanas ó chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach:

- (a) aistriúcháin sóisialta comhchineáil, amhail caiteachas arna thabhtú i dtosach ag teaghlaigh ach arna n-aisíoc ina dhiaidh sin ag an tslandáil shóisialta, e.g. roinnt costas leighis;
- (b) ítimí a láimhseáiltear mar thomhaltas idirmheánach nó mar ollfhoirmiú caipitil, amhail:
 - (1) caiteachas de chuid teaghlach ar úinéirí gnóthas neamhchorpraithe iad i gcás ina dtabhaítear an caiteachas chun críoch gnó, e.g. ar earraí marthanacha, amhail feithiclí, troscán nó trealamh leictreach (ollfhoirmiú an chaipitil sheasta), agus ar earraí neamhmharthanacha, amhail breosla (a láimhseáiltear mar thomhaltas idirmheánach);
 - (2) caiteachas arna thabhtú ag úinéirí-áititheoirí ar mhaisiúcháin, ar chothabháil agus ar dheisiú na teaghaise, is é sin ar obair nach ndéanann tionóntaí de ghnáth (a láimhseáiltear mar thomhaltas idirmheánach agus seirbhísí tithíochta á dtáirgeadh);
 - (3) ceannach teaghaisí (a láimhseáiltear mar ollfhoirmiú caipitil sheasta);
 - (4) caiteachas ar earraí luachmhara (a láimhseáiltear mar ollfhoirmiú caipitil);
- (c) ítimí a láimhseáiltear mar éadálacha sócmhainní neamhtháirgthe, go háirithe ceannach talún;
- (d) na híocaíochtaí uile sin a dhéanann teaghlaigh agus a mheastar a bheith ina gcánacha (féach mír 4.79 agus mír 4.80);
- (e) suibscríbhinní, ranníocaíochtaí agus dleachtanna arna n-íoc ag teaghlaigh le INBFTanna, amhail ceardchumann, cumainn ghairmiúla, comhlachais tomhaltóirí, eaglaisí agus clubanna sóisialta, cultúrtha, caithimh aimsire agus spóirt;
- (f) aistriúcháin deonacha in airgead nó aistriúcháin deonacha comhchineáil arna ndéanamh ag teaghlaigh le carthanais agus eagraíochtaí fóirithinte agus eagraíochtaí cúnaimh.

3.97 Áirítear dhá chatagóir ar leith i gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na INBFTanna:

- (a) luach na n-earraí agus na seirbhísí arna dtáirgeadh ag INBFTanna seachas foirmiú caipitil ar bhonn féinchuntais agus seachas caiteachas arna ndéanamh ag teaghlaigh agus ag aonaid eile;

- (b) caiteachas de chuid INBFTanna ar earraí nó ar sheirbhísí arna dtáirgeadh ag táirgeoirí margaidh agus arna soláthar — gan aon chlaochlú — do theaghlaigh d'fhonn iad a thomhailt mar aistrithe sóisialta comhchineáil.
- 3.98 Áirítear dhá chatagóir caiteachais, cosúil le catagóirí INBFTanna, i gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3) de chuid an rialtais:
- (a) luach na n-earraí agus na seirbhísí arna dtáirgeadh ag an rialtas ginearálta féin (P.1) seachas foirmiú caipitil ar bhonn féinchuntais (a fhreagraíonn do P.12), aschur margaidh (P.11) agus íocaíochtaí i leith aschuir neamh-mhargaidh (P.131);
- (b) ceannach earraí agus seirbhísí a dhéanann an rialtas ginearálta ar earraí agus seirbhísí iad arna dtáirgeadh ag táirgeoirí margaidh agus arna soláthar, gan aon chlaochlú, do theaghlaigh mar aistrithe sóisialta comhchineáil (D.632). Íocann an rialtas ginearálta as na hearraí agus na seirbhísí sin a sholáthraíonn na díoltóirí do theaghlaigh.
- 3.99 Ní dhéanann corparáidí caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach. Déantar a gceannacháin de na hearraí nó de na seirbhísí céanna arna n-úsáid ag teaghlaigh chun críche tomhaltais chríochnaithe a úsáid chun críche tomhaltais idirmhéanaigh nó a sholáthar d'fhostaithe mar chúiteamh comhchineáil d'fhostaithe, i.e. caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach barúlach teaghlach.

Tomhaltas críochnaitheach iarbhrí (P.4)

- 3.100 *Sainmhíniú:* is éard atá i dtomhaltas críochnaitheach iarbhrí earraí nó seirbhísí arna bhfáil ag aonaid institiúideacha chónaitheacha chun riachtanais an duine, cibé acu riachtanais aonair nó riachtanais chomhchoiteanna, a shásamh go díreach.
- 3.101 *Sainmhíniú:* is éard atá in earraí agus seirbhísí chun críche tomhaltais aonair (“earraí agus seirbhísí aonair”) earraí agus seirbhísí arna bhfáil ag teaghlach agus arna n-úsáid chun riachtanais agus mianta bhaill an teaghlaigh sin a shásamh. Tá na saintréithe seo a leanas ag earraí agus seirbhísí aonair:
- (a) is féidir éadálacha earraí agus seirbhísí a fhaigheann teaghlach aonair nó ball de a bhreithniú agus a thaifeadadh mar aon leis an tráth ar tharla sé;
- (b) d'aontaigh an teaghlach le soláthar na n-earraí nó na seirbhísí agus déanann an teaghlach an gníomh is gá chun na hearraí agus na seirbhísí a thomhailt, mar shampla trí fhreastal ar scoil nó ar chlinic;
- (c) ní fhágann cineál na n-earraí agus na seirbhísí nach féidir le teaghlaigh eile ná le daoine eile iad a fháil más rud é go bhfuil siad faighte ag teaghlach amháin nó ag duine amháin, nó ag grúpa daoine.
- 3.102 *Sainmhíniú:* is éard is seirbhísí comhchoiteanna seirbhísí chun críche tomhaltais chomhchoitinn a sholáthraítear an tráth céanna do gach ball den phobal nó do gach ball de chuid áirithe den phobal, amhail na teaghlaigh uile atá ina gcónaí i réigiún áirithe. Tá na saintréithe seo a leanas ag seirbhísí comhchoiteanna:
- (a) is féidir iad a sholáthar an tráth céanna do gach ball den phobal nó do chodanna áirithe den phobal, amhail daoine i réigiún áirithe nó i ndúiche áirithe;
- (b) déantar seirbhísí den saghas sin a úsáid go héighníomhach de ghnáth agus ní gá comhaontú ná rannpháirtíocht ghníomhach ó gach duine lena mbaineann;
- (c) más rud é go soláthraítear seirbhís chomhchoiteann do dhuine amháin ní laghdóidh sé sin an méid a bheidh ar fáil do dhaoine eile sa phobal céanna nó sa chuid chéanna den phobal.
- 3.103 Is tomhaltas aonair atá i gceist leis an gcaiteachas uile ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach. Láimhseáiltear na hearraí agus na seirbhísí uile arna soláthar ag INBFTanna mar earraí agus seirbhísí aonair.
- 3.104 I gcás na n-earraí agus na seirbhísí arna soláthar ag na haonaid rialtais, déantar an teorainn idir earraí agus seirbhísí aonair agus earraí agus seirbhísí comhchoiteanna a tharraingt ar bhonn Aicmiú Fheidhmeanna an Rialtais (COFOG).

Láimhseáiltear caiteachas uile an rialtais ar thomhaltas críochnaitheach faoi na ceannteidil seo a leanas mar chaiteachas ar thomhaltas aonair:

- (a) 7.1 Táirgí leighis, fearais leighis agus trealamh leighis

7.2 Seirbhísí othar seachtrach

- 7.3 Seirbhísí ospidéal
 - 7.4 Seirbhísí sláinte poiblí
 - (b) 8.1 Seirbhísí áineasa agus spóirt
 - 8.2 Seirbhísí cultúrtha
 - (c) 9.1 Oideachas réamhscolaíochta agus bunscolaíochta
 - 9.2 Oideachas meánscolaíochta
 - 9.3 Oideachas iar-mheánscolaíochta neamhthreasach
 - 9.4 Oideachas treasach
 - 9.5 Oideachas nach féidir a shainmhíniú de réir leibhéal
 - 9.6 Seirbhísí coimhdeacha oideachais
 - (d) 10.1 Breoiteacht agus míchumas
 - 10.2 Seanaois
 - 10.3 Marthanóirí
 - 10.4 Teaghlach agus leanaí
 - 10.5 Dífhostaíocht
 - 10.6 Tithíocht
 - 10.7 Eisiamh sóisialta nach n-áirítear in áit ar bith eile.
- 3.105 De rogha air sin, freagraíonn caiteachas an rialtais ghinearálta ar thomhaltas aonair do rannán 14 den Aicmiú Tomhaltas Aonair de réir Cuspóra (Coicop), lena n-áirítear na grúpaí seo a leanas:
- 14.1 Tithíocht (ionann le grúpa COFOG 10.6)
 - 14.2 Sláinte (ionann le grúpaí COFOG 7.1 go 7.4)
 - 14.3 Caitheamh aimsire agus cultúr (ionann le grúpaí COFOG 8.1 agus 8.2)
 - 14.4 Oideachas (ionann le grúpaí COFOG 9.1 go 9.6)
 - 14.5 osaint shóisialta (ionann le grúpaí COFOG 10.1 go 10.5 agus grúpa 10.7).
- 3.106 Is ionann an caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann agus an fuilleach ó chaiteachas an rialtais ar thomhaltas críochnaitheach.
- Tá na grúpaí COFOG seo a leanas ann:
- (a) Seirbhísí poiblí ginearálta (rannán 1)
 - (b) Cosaint (rannán 2)
 - (c) Ord poiblí agus sábháilteacht (rannán 3)
 - (d) Gnóthaí eacnamaíocha (rannán 4)
 - (e) Cosaint an chomhshaoil (rannán 5)
 - (f) Tithíocht agus taitneamhachtaí pobail (rannán 6)

(g) Riarachán ginearálta, rialáil, scaipeadh faisnéise ginearálta agus staidreamh (gach rannán)

(h) Taighde agus forbairt (gach rannán).

3.107 Is féidir na gaolmhaireachtaí idir na coincheapa éagsúla tomhaltais arna n-úsáid a léiriú i dTábla 3.2.

Tábla 3.2 — An earnáil ag déanamh an chaiteachais

	An Rialtas	INBFTanna	Teaghlaigh	Éadálacha iomlána
Tomhaltas aonair	X (= Aistrithe sóisialta comhchineáil)	X (= Aistrithe sóisialta comhchineáil)	X	Tomhaltas críochnaitheach aonair iarbhair na dteaghlach
Tomhaltas comhchoiteann	X	0	0	Tomhaltas críochnaitheach comhchoiteann iarbhair an rialtais
Iomlán	Caiteachas críochnaitheach an rialtais ar thomhaltas	Caiteachas INBFTanna críochnaitheach ar thomhaltas	Caiteachas críochnaitheach na dteaghlach ar thomhaltas	Tomhaltas críochnaitheach iarbhair = Caiteachas críochnaitheach iomlán ar thomhaltas

X: infheidhme

0: ní hinfheidhme

3.108 Is caiteachas aonair atá i gceist le caiteachas uile INBFTanna ar thomhaltas críochnaitheach. Is ionann tomhaltas críochnaitheach iarbhair iomlán agus suim thomhaltas críochnaitheach iarbhair na dteaghlach agus thomhaltas críochnaitheach iarbhair an rialtais ghinearálta.

3.109 Níl aon aistrithe sóisialta comhchineáil chuig an gcuid eile den domhan (cé go bhfuil aistrithe den saghas sin ann i dtéarmaí airgeadaíochta). Is ionann tomhaltas críochnaitheach iarbhair iomlán agus an caiteachas iomlán ar thomhaltas críochnaitheach.

Am taifeadta agus luacháil an chaiteachais ar thomhaltas críochnaitheach

3.110 Déantar caiteachas ar earra a thaifeadadh tráth an athraithe úinéireachta; déantar caiteachas ar sheirbhís a thaifeadadh nuair atá seachadadh na seirbhíse críochnaithe.

3.111 Déantar caiteachas ar earraí arna bhfáil faoi fhruilcheannach nó faoi chomhaontú creidmheasa dá samhail, agus faoi léas airgeadais freisin, a thaifeadadh tráth a ndéantar na hearraí a sheachadadh fiú mura dtarlaíonn aon athrú úinéireachta an tráth sin.

3.112 Déantar tomhaltas féinchuntais a thaifeadadh nuair a tháirgtear an t-aschur arna choimeád chun críche tomhaltais chríochnaithe dhílis.

3.113 Déantar caiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach a thaifeadadh ag praghsanna na gceannaitheoirí. Is ionann an praghas sin agus an praghas iarbhair a íocann an ceannaitheoir as na táirgí tráth a gceannaigh. Tugtar sainmhíniú níos mionsonraithe i mír 3.06.

3.114 Déantar earraí agus seirbhísí arna soláthar mar chúiteamh comhchineáil d'fhostaithe a luacháil ag na bunphraghsanna agus iad á dtáirgeadh ag an bhfostóir agus ag praghsanna ceannaitheoirí an fhostóra i gcás ina gceannaíonn an fostóir isteach iad.

3.115 Déantar earraí nó seirbhísí arna gcoimeád chun críche tomhaltais dhílis a luacháil ag na bunphraghsanna.

3.116 Déantar caiteachas an rialtais ghinearálta nó INBFTanna ar thomhaltas críochnaitheach maidir le táirgí arna dtáirgeadh acu féin a thaifeadadh tráth a dtáirgthe, rud arb ionann é agus tráth a seachadann an rialtas agus INBFTanna seirbhísí den saghas sin. I gcás caiteachais ar thomhaltas críochnaitheach ar earraí agus seirbhísí arna soláthar trí tháirgeoirí margaidh, is ionann tráth a seachadta agus tráth a dtaifeadta.

3.117 Is ionann caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3) de chuid an rialtais ghinearálta nó de chuid INBFTanna agus suim a n-aschuir (P.1), móide an caiteachas ar tháirgí arna soláthar do theaghlaigh trí tháirgeoirí margaidh, cuid de na haistrithe sóisialta comhchineáil (D.632), lúide na híocaíochtaí ó aonaid eile, aschur margaidh (P.11) agus íocaíochtaí ar aschur neamh-mhargaidh (P.131), lúide foirmiú caipitil ar bhonn féinchuntais (P.12).

Am taifeadta agus luacháil tomhaltais chríochnaitheach iarbhír

- 3.118 Faigheann aonaid institiúideacha earraí agus seirbhísí i gcás inar úinéirí nua na n-earraí iad agus nuair atá seachadadh na seirbhísí dóibh críochnaithe.
- 3.119 Déantar éadálacha (tomhaltas críochnaitheach iarbhír) a luacháil ag praghsanna na gceannaitheoirí a íocann na haonaid a thabhaíonn an caiteachas.
- 3.120 Is mar aistrithe in airgead, seachas aistrithe sóisialta comhchineáil ón rialtas agus INBFTanna, a láimhseáiltear aistrithe comhchineáil. Dá réir sin, déantar luachanna na n-earraí nó na seirbhísí a thaifeadadh mar chaiteachas de chuid na n-aonad institiúideach nó na n-earnálacha a fhaigheann iad.
- 3.121 Is ionann luach chomhiomlán an chaiteachais ar thomhaltas críochnaitheach agus luach chomhiomlán an tomhaltais chríochnaitheach iarbhír. Déantar na hearraí agus na seirbhísí arna bhfáil ag teaghlaigh chónaitheacha trí aistrithe sóisialta comhchineáil a luacháil ag na praghsanna céanna ag a ndéantar iad a luacháil i gcomhiomláin an chaiteachais.

OLLFHOIRMIÚ CAIPITIL (P.5)

- 3.122 Seo a leanas na codanna den ollfhoirmiú caipitil:
- (a) ollfhoirmiú caipitil sheasta (P.51g):
- (1) ídiú an chaipitil sheasta (P.51c);
- (2) glanfhoirmiú caipitil sheasta (P.51n);
- (b) athruithe ar fhardail (P.52);
- (c) éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara (P.53).
- 3.123 Áirítear le hollfhoirmiú caipitil ídiú an chaipitil sheasta. Ríomhtar glanfhoirmiú caipitil trí ídiú an chaipitil sheasta a asbhaint ón ollfhoirmiú caipitil.

Ollfhoirmiú caipitil sheasta (P.51g)

- 3.124 *Sainmhíniú:* is éard atá in ollfhoirmiú caipitil sheasta (P.51) éadálacha táirgeoirí cónaitheacha, lúide diúscairtí sócmhainní seasta le linn tréimhse áirithe móide breiseanna áirithe ar luach sócmhainní neamhtháirgthe arna réadú trí ghníomhaíocht táirgthe táirgeoira nó trí ghníomhaíocht táirgthe aonad institiúideach. Is éard atá i sócmhainní seasta sócmhainní arna n-úsáid i dtáirgeadh ar feadh níos mó ná bliain.
- 3.125 Tá luachanna deimhneacha agus luachanna diúltacha araon i gceist in ollfhoirmiú caipitil sheasta:
- (a) luachanna deimhneacha:
- (1) sócmhainní seasta nua nó sócmhainní seasta atá ann cheana féin agus atá ceannaithe;
- (2) sócmhainní seasta arna dtáirgeadh agus arna gcoimeád chun críche úsáide an táirgeoira féin (lena n-áirítear táirgeadh féinchuntais sócmhainní seasta nach bhfuil críochnaithe fós nó nach bhfuil iomlán aibí fós);
- (3) sócmhainní seasta nua nó sócmhainní seasta atá ann cheana féin agus a fuarthas trí mhalartú;
- (4) sócmhainní seasta nua nó sócmhainní seasta atá ann cheana féin agus a fuarthas mar aistrithe caipitil comhchineáil;
- (5) sócmhainní seasta nua nó sócmhainní seasta atá ann cheana féin agus a fuair an t-úsáideoir faoi léas airgeadais;
- (6) feabhsuithe móra ar shócmhainní seasta agus ar shéadchomharthaí stairiúla atá ann cheana féin;
- (7) fás nádúrtha na sócmhainní nádúrtha sin a mbíonn táirgí athuair mar thoradh orthu;
- (b) luachanna diúltacha, i.e. diúscairtí sócmhainní seasta arna dtaifeadadh mar éadálacha diúltacha:
- (1) sócmhainní seasta atá ann cheana agus atá díolta;

(2) sócmhainní seasta atá ann cheana agus a géilleadh le linn iad a mhalartú;

(3) sócmhainní seasta atá ann cheana féin agus a géilleadh mar aistrithe caipitil comhchineáil.

3.126 Eisiatar an méid seo a leanas ó dhiúscairtí sócmhainní seasta:

(a) ídiú an chaipitil sheasta (lena n-áirítear gnáthdhamáiste timpisteach a bhfuiltear ag súil leis);

(b) cailteanais eisceachtúla, amhail cailteanas de dheasca triomaigh nó tubaistí nádúrtha eile, arna dtaifeadh mar athrú eile ar mhéid na sócmhainní.

3.127 Seo a leanas cineálacha éagsúla d'ollfhoirmiú caipitil sheasta:

(1) teaghaisí;

(2) foirgnimh agus déanmhais eile; áirítear leis sin feabhsuithe móra ar thalamh;

(3) innealra agus trealamh, amhail longa, gluaisteáin agus ríomhairí;

(4) córais armán;

(5) sócmhainní bitheolaíocha saothraithe, e.g. crainn agus beostoc;

(6) na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta ar shócmhainní neamhtháirgthe, amhail talamh, conarthaí, léasanna agus ceadúnais;

(7) T&F, lena n-áirítear táirgeadh T&F a chuirtear ar fáil saor in aisce. Ní láimhseálfar caiteachas ar T&F mar fhoirmiú caipitil sheasta ach amháin nuair a bheidh leibhéal sách ard iontaofachta agus inchomparáideachta bainte amach ag meastacháin na mBallstát;

(8) taiscéalaíocht agus meastóireacht mianraí;

(9) bogearraí ríomhaireachta agus bunachair shonraí;

(10) bunábhar siamsaíochta, liteartha nó ealaíonta;

(11) cearta eile maoinne intleachtúla.

3.128 Áirítear le feabhsuithe móra ar thalamh:

(a) míntíriú talún ón bhfarraige trí chladáin, trí bhallaí mara nó trí dhambaí a thógáil chuige sin;

(b) glanadh foraoisí, carraigeacha, etc. chun gur féidir talamh a úsáid i dtáirgeadh den chéad uair riamh;

(c) draenáil riasc nó uisciú fásach trí chladáin, trí dhíoga agus trí chainéil uiscithe a thógáil; cosc ar thuile nó ar chreimeadh de chuid na farraige nó de chuid aibhneacha trí thonnchoisc, trí bhallaí mara nó trí bhacainní tuile a thógáil.

D'fhéadfadh cruthú struchtúr nua substaintiúil amhail ballaí mara, bacainní tuile agus dambaí a bheith mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, ach ní úsáidtear na struchtúir sin chun earraí agus seirbhísí eile a tháirgeadh, ach chun tuilleadh talún nó talamh níos fearr a fháil, agus is í an talamh, ar sócmhainn neamhtháirgthe í, a úsáidtear i dtáirgeadh. Mar shampla, tá cuspóir éagsúil le damba arna thógáil chun leictreachas a ghiniúint leis an guspóir atá le damba arna thógáil chun an fharraige a choimeád amach. Ní dhéantar ach an dara damba díobh sin a aicmiú mar fheabhsú talún.

3.129 Áirítear na cásanna teorannacha seo a leanas le hollfhoirmiú caipitil sheasta:

(a) éadálacha tithé bád, báirsí, tithé soghluaiste agus carbhán arna n-úsáid mar áiteanna cónaithe teaghlach agus aon déanmhas gaolmhar amhail garáistí;

(b) déanmhais agus trealamh arna n-úsáid ag an arm;

(c) airm éadroma agus feithiclí armúrtha arna n-úsáid ag aonaid neamh-mhíleata;

- (d) athruithe ar bheostoc arna úsáid i dtáirgeadh bliain i ndiaidh bliana, amhail stoc síolraíochta, eallach déiríochta, caoirigh arna saothrú chun críche olla agus ainmhithe tarraingthe;
- (e) athruithe ar chrainn a shaothraítear bliain i ndiaidh bliana, amhail crainn torthaí, fíniúnacha, crainn rubair, pailmeacha, etc.;
- (f) feabhsuithe ar shócmhainní seasta atá ann cheana os cionn gnáthchothabhála agus deisiúcháin;
- (g) éadálacha sócmhainní seasta trí léasú airgeadais;
- (h) críochchostais, i.e. costais mhóra a bhaineann le diúscairt, e.g. costais díchoimisiúnaithe stáisiún cumhachta núicléiche nó costais a bhaineann le láithreáin líonta talún a ghlanadh suas.

3.130 Eisiatar an méid seo a leanas ó ollfhoirmiú caipitil sheasta:

- (a) idirbhearta atá ar áireamh i dtomhaltas idirmheánach, amhail:
 - (1) ceannach uirlisí beaga chun críoch táirgthe;
 - (2) gnáthchothabháil agus gnáthdheisiúcháin;
 - (3) éadálacha sócmhainní seasta le húsáid faoi chonradh léasaithe oibriúcháin (féach freisin Caibidil 15: Conarthaí, léasanna agus ceadúnais). I gcás an ghnóthais a úsáideann an tsócmhainn sheasta, láimhseáiltear cíosanna mar thomhaltas idirmheánach. Maidir le húnéir na sócmhainne, taifeadtar an costas éadála mar ollfhoirmiú caipitil sheasta;
- (b) idirbhearta arna dtaifeadadh mar athruithe ar fhardail:
 - (1) ainmhithe arna dtógáil lena marú, lena n-áirítear éanlaith chlóis;
 - (2) crainn arna saothrú i gcomhair adhmaid (obair idir lámha);
- (c) innealra agus trealamh arna bhfáil ag teaghlaiigh chun críche tomhaltais chríochnaithe (caiteachas ar thomhaltas chríochnaitheach);
- (d) gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais ar shócmhainní seasta;
- (e) cailteanais thubaisteacha ar shócmhainní seasta, e.g. díothú sócmhainní saothraithe agus beostoic a dhéanann ráigeanna galair, ar cailteanais iad nach gclúdaítear de ghnáth le hárachas, nó damáiste de dheasca tuile neamhghnáiche, damáiste gaoithe nó tinte foraoise;
- (f) cistí arna gcur i leataobh nó i gcúlchiste gan aon ghealltanais a thabhairt go gceannófaí nó go dtógfaí iarbhir earra sonracha caipitil, e.g. ciste rialtais le haghaidh bonneagair.

3.131 Déantar ollfhoirmiú caipitil sheasta i bhfoirm feabhsuithe ar shócmhainní seasta atá ann cheana a thaifeadadh mar éadálacha sócmhainní seasta nua den chineál céanna.

3.132 Is toradh iad táirgí maoinne intleachtúla ar thaighde agus ar fhorbairt, ar imscrúdú nó ar nuáil as a n-eascraíonn eolas, a bhfuil a úsáid srianta ag an dlí nó ag modhanna eile cosanta.

Is samplaí iad seo a leanas de shócmhainní maoinne intleachtúla:

- (a) torthaí T&F;
- (b) torthaí taiscéalaíochta: tomhaistear iad mar chostais druileála tástála iarbhir, aershuirbhéireachta nó suirbhéireachta eile, iompair, etc.;
- (c) bogearraí ríomhaireachta agus bunachair shonraí mhóra le húsáid i dtáirgeadh ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin;
- (d) bunábhar siamsaíochta, liteartha agus ealaíonta lámhscríbhinní, múnlaí, scannán, taifeadtaí fuaimne, etc.

3.133 I gcás sócmhainní seasta agus sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais araon, is iad seo a leanas na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta arna dtabhú ag an úinéir nua:

- (a) muirir arna dtabhú chun glacadh le seachadadh na sócmhainne (sócmhainn nua nó sócmhainn atá ann cheana) ag an ionad cuí agus ag an uair chuí, amhail muirir i leith iompair, muirir suiteála, muirir tógála, etc.;
- (b) muirir ghairmiúla nó coimisiúin arna dtabhú, amhail táillí a íoctar le suirbhéirí, innealtóirí, dlíodóirí, luachálaithe, etc., agus coimisiúin a íoctar le gníomhairí eastáit, ceantálaithe, etc.;
- (c) cánacha is infoctha ag an úinéir nua ar aistriú úinéireachta na sócmhainne. Is cánacha iad sin ar sheirbhísí idirghabhálaithe agus aon cháin ar aistriú úinéireachta seachas na cánacha ar an tsócmhainn arna ceannach.

Tá na costais sin go léir le taifeadadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta de chuid an úinéara nua.

Am taifeadta agus luacháil ar ollfhoirmiú caipitil sheasta

3.134 Déantar ollfhoirmiú caipitil sheasta a thaifeadadh i gcás ina n-aistrítear úinéireacht na sócmhainní seasta chuig an aonad institiúideach a bhfuil sé beartaithe aige iad a úsáid i dtáirgeadh.

Modhnaítear an rial sin i gcás:

- (a) léasaithe airgeadais, nuair a iontráiltear athrú úinéireachta ón léasóir chuig an léasaí go barúlach;
- (b) ollfhoirmiú caipitil sheasta ar bhonn féinchuntais, a thaifeadtar nuair a tháirgtear é.

3.135 Déantar ollfhoirmiú caipitil sheasta a luacháil ag praghsanna na gceannaitheoirí, lena n-áirítear muirir suiteála agus costais eile a ghabhann le haistriú úinéireachta. I gcás ina dtáirgtear é ar bhonn féinchuntais déantar é a luacháil ag bunphraghsanna sócmhainní seasta dá samhail, agus mura bhfuil na praghsanna sin ar fáil, ag na costais táirgthe móide marcáil suas (seachas i gcás táirgeoirí neamh-mhargaidh) i leith glanbharrachais oibriúcháin nó ioncaim mheasctha.

3.136 Déantar éadálacha táirgí maoinne intleachtúla a luacháil ar bhealaí éagsúla:

- (a) i gcás taiscéalaíochta mianraí: de réir chostais na ndruileálacha tástála iarbhrí agus na dtolltaí iarbhrí, agus de réir na gcostas arna dtabhú le go bhféadfaí tástálacha den saghas sin a dhéanamh, amhail aershuirbhéireachtaí nó suirbhéireachtaí eile;
- (b) i gcás bogearraí ríomhaireachta: de réir phraghsanna na gceannaitheoirí nuair a cheannaítear ar an margadh iad, nó ag a mbunphraghas measta, nó mura bhfuil aon bhunphraghas ar fáil, ag a gcostais táirgthe móide marcáil suas i leith glanbharrachais oibriúcháin (seachas i gcás táirgeoirí neamh-mhargaidh) nuair a fhorbraítear iad go himmheánach;
- (c) i gcás bunábhair shiamsaíochta, liteartha nó ealaíonta: déantar iad a luacháil ag an bpraghas a d'íoc an ceannaitheoir nuair a dhíoltar iad nó, mura ndíoltar iad, tá na modhanna meastacháin seo a leanas inghlactha:
 - (i) ag an mbunphraghas arna íoc ar bhunábhar dá samhail;
 - (ii) suim a gcostais táirgthe móide marcáil suas (seachas i gcás táirgeoirí neamh-mhargaidh) i leith glanbharrachais oibriúcháin; nó
 - (iii) luach lascainithe na bhfáltas a bhfuil súil leo.

3.137 Déantar sócmhainní seasta atá ann cheana agus a dhiúscaítear trí dhíolachán a luacháil ag na bunphraghsanna, tar éis aon chostais a ghabhann le haistriú úinéireachta arna dtabhú ag an díoltóir a asbhaint.

3.138 Is féidir baint a bheith ag na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta le sócmhainní táirgthe, lena n-áirítear sócmhainní seasta, agus le sócmhainní neamhtháirgthe, amhail talamh.

Áirítear na costais sin i bpraghsanna na gceannaitheoirí i gcás sócmhainní táirgthe. Déantar iad a dheighilt ó na ceannacháin agus na díolacháin féin i gcás tálún agus i gcás sócmhainní neamhtháirgthe eile agus iad a thaifeadadh faoi cheanniteideal ar leithligh in aicmiú ollfhoirmiú caipitil sheasta.

Ídiú an chaipitil sheasta (P.51c)

- 3.139 *Sainmhíniú:* is éard atá in ídiú an chaipitil sheasta (P.51c) an laghdú ar luach sócmhainní seasta atá faoi úinéireacht, de dheasca an ghnáthchaitimh agus na gnáthchuidilte agus na seandachta. Sa mheastachán ar an laghdú ar an luach áirítear foráil maidir le cailteanais sócmhainní seasta de thoradh damáiste thimpistigh inárachaithe. Cuimsítear le hídiú an chaipitil sheasta críochchostais a bhfuiltear ag súil leo, amhail costais díchoimisiúnaithe stáisiún cumhachta núicléiche nó rigí ola nó na costais a bhaineann le láithreáin líonta talún a ghlanadh. Déantar na costais deiridh sin a thaifeadh mar ídiú an chaipitil sheasta ag deireadh an tsaoil seirbhíse, tráth a dtaifeadh na costais deiridh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta.
- 3.140 Ríomhfar ídiú an chaipitil sheasta i gcás gach sócmhainne seasta (seachas ainmhithe), lena n-áirítear cearta maoinne intleachtúla, feabhsuithe móra talún agus na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta a bhaineann le sócmhainní neamhtháirgthe.
- 3.141 Tá ídiú an chaipitil sheasta éagsúil leis an dímheas a cheadaítear chun críoch cánach nó an dímheas a léirítear i gcuntais ghnó. Déantar meastachán ar ídiú an chaipitil sheasta ar bhonn stoc na sócmhainní seasta agus mheán-saolré eacnamaíoch ionchais chatagóirí éagsúla na n-earraí sin. Chun stoc na sócmhainní seasta a ríomh, cuirtear modh an stoc-chuntais shíoraí (PIM) i bhfeidhm aon uair atá faisnéis dhíreach maidir le stoc na sócmhainní seasta in easnamh. Déantar stoc na sócmhainní seasta a luacháil ag praghsanna na gceannaitheoirí sa tréimhse reatha.
- 3.142 Cuirtear cailteanais sócmhainní seasta a tharlaíonn de thoradh damáiste thimpistigh inárachaithe san áireamh i ríomh mheán-saolré seirbhíse na n-earraí i gceist. Maidir leis an ngeilleagar ina iomláine beidh na damáistí timpisteacha i dtéimhse chuntasaíochta ar leith cothrom leis an meán nó gar don mheán. I gcás aonad aonair agus grúpálacha aonad d'fhéadfadh difríocht a bheith ann idir gnáthdhamáiste timpisteach iarbhír agus meándamáiste timpisteach. Sa chás sin, i gcás earnálacha, taifeadh aon difríocht mar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní seasta.
- 3.143 Ríomhfar ídiú an chaipitil sheasta de réir an mhodha “líne dhíreach”, lena ndíscríobhtar luach sócmhainne seasta ag ráta seasta thar shaolré iomlán an earra.
- 3.144 I gcásanna áirithe, úsáidtear modh an dímheasa gheoiméadraigh nuair is gá sin i ngeall ar phatrún an laghdaithe in éifeachtúlacht sócmhainne seasta.
- 3.145 I gcóras na gcuntas, taifeadh ídiú an chaipitil sheasta faoi gach ítim chomhardaithe, ítimí a léirítear i bhfoirm chomhlán agus i bhfoirm ghlan. Ciallaíonn taifeadh “i bhfoirm chomhlán” gan ídiú an chaipitil sheasta a asbhaint, agus ciallaíonn taifeadh “i bhfoirm ghlan” tar éis ídiú an chaipitil sheasta a asbhaint.

Athruithe ar fhardail (P.52)

- 3.146 *Sainmhíniú:* déantar athruithe ar fhardail a thomhas de réir luach na n-iontrálacha sna fardail lúide luach na n-aistarraingtí agus luach aon cailteanais athfhillteacha earraí arna gcoimeád sna fardail.
- 3.147 De dheasca meatha fhisicigh, nó damáiste thimpistigh nó mionghadaíochta, d'fhéadfadh cailteanais athfhillteacha tarlú i gcás gach cineáil earraí sna fardail, amhail:
- (a) cailteanais ábhar agus soláthairtí;
 - (b) cailteanais i gcás oibre idir lámha;
 - (c) cailteanais earraí críochnaithe;
 - (d) cailteanais earraí le hathdhíol (e.g. bradaíocht siopa).
- 3.148 Is éard atá sna fardail na catagóirí seo a leanas:
- (a) ábhair agus soláthairtí:

is éard atá in ábhair agus soláthairtí na táirgí go léir atá á gcoimeád i stoc agus a bhfuil sé ar intinn iad a úsáid mar ionchur idirmheánach i dtáirgeadh; áirítear leis sin táirgí arna gcoimeád i stoc ag an rialtas. Áirítear ítimí amhail ór, diamaint, etc. nuair atá sé beartaithe iad a úsáid chun críoch tionsclaíoch nó i dtáirgeadh eile;
 - (b) obair idir lámha:

is éard atá in obair idir lámha aschur atá táirgthe ach nach bhfuil críochnaithe fós. Déantar é a thaifeadh i bhfardail an táirgeora. Is samplaí iad seo a leanas d'obair idir lámha:

 - (1) barra atá ag fás;

- (2) crainn agus beostoc atá ag aibiú;
- (3) déanmhais neamhchríochnaithe (seachas na déanmhais sin arna dtáirgeadh faoi chonradh díolacháin arna chomhaontú roimh ré nó ar bhonn féinchuntais; láimhseáiltear an dá shampla sin mar fhoirmiú caipitil sheasta);
- (4) sócmhainní seasta neamhchríochnaithe eile, e.g. longa agus rigí ola;
- (5) taighde páirtchríochnaithe i gcomhthéacs gníomhaíochtaí a bhaineann le comhairle dlí nó gníomhaíochtaí comhairleora;
- (6) léiriúcháin scannáin pháirtchríochnaithe;
- (7) ríomhchláir pháirtchríochnaithe.

Déanfar obair idir lámha a thaifeadh i gcás aon phróisis táirgthe nach bhfuil críochnaithe ag deireadh tréimhe áirithe. Tá tábhacht ar leith aige sin maidir le cuntais ráithiúla, mar shampla barra talmhaíochta nach mbíonn iomlán fásta laistigh de ráithe.

Tarlaíonn laghdúithe ar obair idir lámha nuair a thagann an próiseas táirgthe chun críche. An tráth sin, déantar táirge críochnaithe den obair idir lámha go léir;

- (c) earraí críochnaithe:

is éard atá in earraí críochnaithe i bhfardail aschuir nach bhfuil sé ar intinn a dtáirgeora tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu sula soláthraíonn sé iad d'aonaid institiúideacha eile;

- (d) earraí le hathdhíol:

is éard atá in earraí le hathdhíol earraí arna bhfáil lena n-athdhíol sa staid reatha ina bhfuil siad.

Am taifeadta agus luacháil athruithe ar fhardail

- 3.149 Tá am taifeadta agus luacháil athruithe ar fhardail comhsheasmhach le ham taifeadta agus luacháil idirbheart eile táirgí. Baineann sé sin go háirithe le tomhaltas idirmheánach (e.g. i gcás ábhar agus soláthairtí), le haschur (e.g. obair idir lámha agus aschur ó stóráil táirgí talmhaíochta) agus le hollfhoirmiú caipitil sheasta (e.g. obair idir lámha). Má phróiseáiltear earraí ar an gcoigríoch agus athrú úinéireachta eacnamaíche i gceist, tá na hearraí le háireamh faoi onnmhairí (agus níos déanaí faoi allmhairí). Léirítear an t-onnmhairí i laghdú comhchéimneach ar fhardail, agus taifeadtar an t-allmhairí comhfhreagrach a dhéantar níos déanaí mar mhéadú ar fhardail, ar choinníoll nach ndíoltar nó nach n-úsáidtear é láithreach.
- 3.150 Agus athruithe ar fhardail á dtomhas, luacháiltear earraí a iontráiltear i bhfardail tráth a n-iontrála, agus luacháiltear earraí a aistarraingítear as fardail tráth a n-aistarraingthe.
- 3.151 Is iad seo a leanas na praghsanna a úsáidtear chun earraí in athruithe ar fhardail a luacháil:
- (a) déantar an t-aschur ó earraí críochnaithe a aistrítear isteach i bhfardail an táirgeora a luacháil faoi mar a dhíolfá iad an tráth sin, ag na bunphraghsanna reatha;
 - (b) déantar aon bhreiseanna a chuirtear le hobair idir lámha a luacháil i gcomhréir le bunphraghas reatha measta an táirge chríochnaithe;
 - (c) déantar laghdúithe ar obair idir lámha toisc obair a bheith aistarraingthe as na fardail ar chríochnú an táirgthe a luacháil ag bunphraghsanna reatha an táirge neamhchríochnaithe;
 - (d) déantar earraí a aistrítear amach as na fardail lena ndíol a luacháil ag na bunphraghsanna;
 - (e) déantar earraí le hathdhíol a iontráiltear i bhfardail mhórdhíoltóirí agus mhiondhíoltóirí, etc. a luacháil ag praghsanna ceannaitheoirí iarbhir nó measta an trádálaí;
 - (f) déantar earraí le hathdhíol a aistarraingítear as fardail a luacháil ag praghsanna na gceannaitheoirí ag ar féidir iad a athchur tráth a n-aistarraingthe, agus ní ag praghas a n-éadála.

- 3.152 Déantar cailteanas de dheasca meatha fhisicigh, damáiste thimpistigh inárachaithe nó mionghadaíochta a thaifeadh agus a luacháil mar seo a leanas:
- (a) i gcás ábhar agus soláthairtí: mar ábhair agus soláthairtí a aistarraingítear iarbhrí lena n-ídiú i dtáirgeadh (tomhaltas idirmheánach);
 - (b) i gcás oibre idir lámha: mar laghdú ar bhreiseanna a fhabhraíonn ar tháirgeadh arna dhéanamh i rith na tréimhse céanna;
 - (c) i gcás earraí críochnaithe agus earraí le hathdhíol: láimhseálar iad mar aistarraingtí ag praghas reatha earraí neamh-mheathlaithe.
- 3.153 I gcás ina bhfuil easpa faisnéise ann, úsáidtear na modhanna neastacháin seo a leanas chun meastachán a dhéanamh ar athruithe ar fhardail:
- (a) más rud é go dtagann athruithe ar mhéid na bhfardal go rialta, modh neastacháin inghlactha is ea an t-athrú ar mhéid na bhfardal a iolrú faoi mheánphragsanna na tréimhse i gceist. Úsáidtear pragsanna na gceannaitheoirí i gcás fardal arna sealbhú ag úsáideoirí nó mórthóirí nó mionthóirí; úsáidtear bunphragsanna i gcás fardal arna sealbhú ag a dtáirgeoirí;
 - (b) más rud é nach dtagann aon athrú ar phragsanna na n-earraí, ní fhágann luaineachtaí i méid na bhfardal nach bailí neasú an mheastacháin ar athrú ar fhardail tríd an athrú ar mhéid a iolrú faoin meánphraghas;
 - (c) má athraíonn méid agus pragsanna na bhfardal araon go mór laistigh den tréimhse chuntasaíochta, is gá modhanna neastacháin níos sofaisticiúla a úsáid. Mar shampla, luacháil ráithiúil ar na hathruithe ar fhardail nó faisnéis faoi dháileadh na luaineachtaí laistigh den tréimhse chuntasaíochta a úsáid (d'fhéadfadh na luaineachtaí is mó a bheith ann ag deireadh na bliana féilire, agus fómhar á dhéanamh, etc.);
 - (d) i gcás ina bhfuil faisnéis faoi na luachanna ag tús agus ag deireadh na tréimhse ar fáil (e.g. i gcás an mhórdhíola nó an mhiondíola inar minic a dhéantar fardail de go leor táirgí éagsúla), ach nach bhfuil faisnéis ar leith ann faoi phragsanna agus faoi mhéideanna, déantar meastachán ar na hathruithe ar an méid idir tús agus deireadh na tréimhse. Bealach amháin chun meastachán a dhéanamh ar an athrú ar na méideanna is ea meastachán a dhéanamh ar rátaí seasta láimhdeachais de réir cineáil táirge.

D'fhéadfadh athruithe séasúracha ar phragsanna difríocht sa cháilíocht a léiriú, e.g. pragsanna díol go fuíoll nó pragsanna seachshéasúir ar thorthaí agus ar ghlasraí. Láimhseáiltear na hathruithe sin ar cháilíocht mar athruithe ar an méid.

Éadálacha líúde diúscairtí earraí luachmhara (p.53)

- 3.154 *Sainmhíniú:* is éard atá in earraí luachmhara earraí, nach earraí airgeadais iad, nach n-úsáidtear go príomha chun críoch táirgthe nó tomhaltais, nach dtagann meath (fisiceach) orthu le himeacht aimsire faoi ghnáthchoiníollacha agus a fhaightear agus a shealbhaítear go príomha mar stóirthe luacha.
- 3.155 Cuimsítear na cineálacha earraí seo a leanas faoi earraí luachmhara:
- (a) clocha lómhara agus miotail lómhara, amhail diamaint, ór neamhairgeadaíochta, platanam, airgead, etc.;
 - (b) seandachtaí agus réada eile ealaíne, amhail saothair péintéireachta, dealbha, etc.;
 - (c) earraí luachmhara eile, amhail seodra déanta as clocha lómhara agus miotail lómhara agus airnéis bhailitheoirí.
- 3.156 Déantar na cineálacha sin earraí a thaifeadh mar éadálacha earraí luachmhara nó diúscairtí earraí luachmhara sna cásanna seo a leanas:
- (a) fáil nó diúscairt óir neamhairgeadaíochta, airgid, etc. de chuid banc ceannais agus idirghabhálaithe eile airgeadais;
 - (b) fáil nó diúscairt na n-earraí sin de chuid gnóthas nach mbaineann táirgeadh ná trádáil na n-earraí sin le príomhghníomhaíocht ná le gníomhaíocht thánaisteach an ghnóthais. Eisiatar an éadail nó an diúscairt sin ó thomhaltas idirmheánach agus ó fhoirmiú caipitil sheasta na ngnóthas sin;
 - (c) fáil nó diúscairt na n-earraí sin de chuid teaghlach. Eisiatar na héadálacha sin ó chaiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach.

De réir an ghnáis, déantar na cásanna seo a leanas a thaifeadh mar éadail nó mar dhiúscairt earraí luachmhara freisin i CEC:

- (a) fáil nó diúscairt na n-earraí sin de chuid seodóirí agus déileálaithe ealaíne (de réir an tsainmhíneithe ghinearálta ar earraí luachmhara, ba cheart éadail na n-earraí sin ag seodóirí agus ag déileálaithe ealaíne a thaifeadh mar athruithe ar fhardail);
- (b) fáil nó diúscairt na n-earraí sin de chuid músaem (de réir an tsainmhíneithe ghinearálta ar earraí luachmhara, ba cheart éadail na n-earraí sin ag músaem a thaifeadh mar fhoirmiú caipitil sheasta).

Leis an ngnás sin, seachnaítear athaicmiú minic idir na trí phríomhchineál foirmithe caipitil, i.e. idir éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara, foirmiú caipitil sheasta agus athruithe ar fhardail, e.g. i gcás idirbheart sna hearraí sin idir teaghlaigh agus déileálaithe ealaíne.

- 3.157 Luacháiltear táirgeadh earraí luachmhara ag na bunphraghsanna. Luacháiltear gach éadail eile earraí luachmhara ag praghsanna na gceannaitheoirí a íoctar astu, lena n-áirítear aon táillí gníomhairí nó coimisiúin gníomhairí. Áirítear freisin corrlaigh trádála i gcás ceannaigh ó dhéileálaithe. Luacháiltear diúscairtí earraí luachmhara ag na praghsanna a fhaigheann díoltóirí, tar éis aon táillí nó aon choimisiúin a íoctar le gníomhairí nó le hidirgh-abhálaíthe eile a asbhaint. Cealaíonn éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara idir earnálacha cónaitheacha a chéile, rud a fhágann corrlaigh gníomhairí agus corrlaigh déileálaithe amháin.

ONNMHAIRÍ AGUS ALLMHAIRÍ EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ (P.6 AGUS P.7)

- 3.158 *Sainmhíniú:* is éard atá in onnmhairí earraí agus seirbhísí idirbhearta earraí agus idirbhearta seirbhísí (díolacháin, malartú, agus tabhartais) a dhéantar idir cónaithe agus neamhchónaithe.

- 3.159 *Sainmhíniú:* is éard atá in allmhairí earraí agus seirbhísí idirbhearta earraí agus idirbhearta seirbhísí (ceannacháin, malartú, agus tabhartais) a dhéantar idir neamhchónaithe agus cónaithe.

- 3.160 Eisiatar an méid seo a leanas ó onnmhairí earraí agus seirbhísí agus ó allmhairí earraí agus seirbhísí:

(a) trádáil bunaíochta, i.e.:

- (1) seachadtaí ar neamhchónaithe ó ghnóthais chleamhnaithe neamhchónaitheacha ar le gnóthais chónaitheacha iad, e.g. díolacháin ar an gcoigríoch a dhéanann gnóthais chleamhnaithe eachtracha ar le hilmáisiúntach atá i seilbh/faoi rialú cónaitheach iad;
- (2) seachadtaí ar chónaithe ó ghnóthais chleamhnaithe chónaitheacha ar le gnóthais neamhchónaitheacha iad, e.g. díolacháin a dhéanann gnóthais chleamhnaithe intíre ar le hilmáisiúntach eachtrach iad;

(b) sreafaí ioncaim príomha chuig an gcuid eile den domhan nó ón gcuid eile den domhan, amhail cúiteamh d'fhóstaíthe, ús agus ioncam ó infheistíocht dhíreach. Maidir leis an ioncam ó infheistíocht dhíreach, d'fhéadfadh cuid dho-aitheanta a bheith ar áireamh ann a bhaineann le soláthar seirbhísí éagsúla, e.g. oiliúint fostaithe, seirbhísí bainistíochta agus úsáid paitinní agus trádmarcanna;

(c) díol nó ceannach trasteorann sócmhainní airgeadais nó sócmhainní neamhtháirgthe, amhail talamh.

- 3.161 Dealáitear allmhairí earraí agus seirbhísí agus onnmhairí earraí agus seirbhísí óna chéile mar seo a leanas:

(a) seachadtaí laistigh den AE;

(b) allmhairí agus onnmhairí lasmuigh den AE.

Tagraítear don dá chineál mar allmhairí agus onnmhairí.

Allmhairí earraí agus onnmhairí earraí (P.61 agus P.71)

- 3.162 Tarlaíonn allmhairí agus onnmhairí earraí nuair a athraíonn úinéireacht eacnamaíoch earraí idir cónaithe agus neamhchónaithe. Tá feidhm aige sin beag beann ar ghluaiseachtaí comhfhreagracha fisiceacha earraí thar teorainneacha.

- 3.163 I gcás seachadtaí idir gnóthais chleamhnaithe (brainse nó fochuideachta, nó gnóthas cleamhnaithe eachtrach): iontráiltear athrú ar úinéireacht eacnamaíoch go barúlach nuair a sheachdtear earraí idir gnóthais chleamhnaithe. Ní dhéantar amhlaidh ach amháin nuair a ghlacann an bhunaíocht a fhaigheann na hearraí an fhreagracht as na cinní faoi na leibhéil soláthair agus faoi na praghsanna ar a seachdtear a haschur don mhargadh a dhéanamh.

- 3.164 Sna cásanna seo a leanas tarlaíonn onnmhairí earraí cé nach dtrasnaíonn na hearraí sin teorainn na tíre:
- (a) díoltar earraí arna dtáirgeadh ag aonaid chónaitheacha in uisce idirnáisiúnta go díreach le neamhchónaitheach i dtíortha eachtracha. Is samplaí iad de na hearraí sin ola, gás nádúrtha, táirgí iascaigh, tarrthálas muirí;
 - (b) trealamh iompair nó trealamh inghluaiste eile nach bhfuil aon suíomh seasta acu;
 - (c) earraí a chailltear nó a scriostar tar éis athrú úinéireachta sula dtrasnaíonn siad teorainn na tíre onnmhairíochta;
 - (d) ceannaíocht, i.e. ceannach earra ag cónaitheach ó neamhchónaitheach agus athdhíol an earra ina dhiaidh sin le neamhchónaitheach eile, gan an t-earra a theacht isteach i ngeilleagar thír an cheannáí.
- Baineann cásanna den chineál céanna le hallmhairí earraí.
- 3.165 Áirítear idirbhearta den chineál seo a leanas idir cónaitheach agus neamhchónaitheach le hallmhairí earraí agus le honnmhairí earraí:
- (a) ór neamhairgeadaíochta;
 - (b) builleán airgid, diamaint agus clocha lómhara agus miotail lómhara eile;
 - (c) airgead páipéir agus monaí nach bhfuil i gcúrsaíocht agus urrúis nach bhfuil eisithe (arna luacháil mar earraí seachas ag an aghaidhluach);
 - (d) leictreachas, gás agus uisce;
 - (e) beostoc a thiomáintear thar theorainneacha;
 - (f) post na mbeartán;
 - (g) onnmhairí rialtais lena n-áirítear earraí arna maoiniú le deontais agus le hiasachtaí;
 - (h) earraí arna n-aistriú chuig úinéireacht nó ó úinéireacht eagraíochta stoic mhaolánaigh;
 - (i) earraí a sheachadann gnóthas cónaitheach ar a ghnóthais chleamhnaithe neamhchónaitheacha, seachas earraí le haghaidh próiseála;
 - (j) earraí a fhaigheann gnóthas cónaitheach óna ghnóthais chleamhnaithe neamhchónaitheacha, seachas earraí le haghaidh próiseála;
 - (k) earraí nó táirgí arna smuigleáil agus nach dtuairiscítear maidir le cánacha amhail dleachtanna ar allmhairí agus CBL;
 - (l) lastais eile nach dtaifeadtar, amhail tabhartais agus lastais a bhfuil a luach níos ísle ná íosluch sonraithe.
- 3.166 Eisiatar na hearraí seo a leanas ó allmhairí earraí agus ó onnmhairí earraí, cé go bhféadfadh siad teorainn na tíre a thrasnú:
- (a) earraí ar idirthuras trí thír;
 - (b) earraí a sheoltar chuig nó ó ambasáidí, bunáiteanna míleata nó iamhchríocha eile de chuid tíre atá laistigh de theorainneacha náisiúnta tíre eile;
 - (c) trealamh iompair agus trealamh inghluaiste eile a imíonn ó thír go sealadach, gan aon athrú úinéireachta eacnamaíche e.g. trealamh tógála chun críoch suiteála nó tógála ar an gcoigríoch;
 - (d) trealamh agus earraí eile a chuirtear chuig an gcoigríoch le haghaidh próiseála, cothabhála, seirbhísiú nó deisiú; baineann an méid sin freisin le hearraí próiseáilte ar ordú ar an gcoigríoch nuair atá mórathrú fisiceach ar na hearraí i gceist;
 - (e) earraí eile a imíonn ó thír go sealadach, agus a chuirtear ar ais ina mbunriocht laistigh de bhliain de ghnáth gan athrú úinéireachta eacnamaíche.
- Is samplaí iad earraí a chuirtear chuig an gcoigríoch chun críoch taispeántais agus siamsaíochta, earraí faoi léas oibriúcháin, lena n-áirítear léasanna a mhaireann roinnt blianta agus earraí a chuirtear ar ais gan a bheith díolta le neamhchónaitheach;
- (f) earraí ar coinsíniú a chailltear nó a scriostar tar éis teorainn a thrasnú sula ndéantar an t-athrú úinéireachta.

3.167 Déantar allmhairí earraí agus onnmhairí earraí a thaifeadadh nuair a aistrítear úinéireacht na n-earraí. Meastar go dtarlaíonn athrú úinéireachta tráth a ndéanann páirtithe an idirbheart an t-idirbheart a thaifeadadh ina leabhair nó ina gcuntais. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé seo i gcomhráth le céimeanna éagsúla an phróisis chonarthaigh, amhail:

- (a) uair an ghealltanais (dáta an chonartha);
- (b) an uair a sholáthraítear earraí agus seirbhísí agus an uair a fhaightear éileamh ar íocaíocht (dáta an aistrithe);
- (c) an uair a shocraítear an t-éileamh sin (dáta na híocaíochta).

3.168 Tá allmhairí earraí agus onnmhairí earraí le luacháil saor ar bord ag teorainn na tíre onnmhairíochta (SAB). Is é atá sa luach sin:

- (a) luach na n-earraí ag na bunphragsanna;
- (b) móide na seirbhísí gaolmhara iompair agus na seirbhísí dáileacháin gaolmhara go dtí an pointe sin ar an teorainn, lena n-áirítear an costas a bhaineann lena lastáil ar iompróir chun iad a iompar ar aghaidh;
- (c) móide aon chánacha lúide fóirdheontais ar na hearraí onnmhairithe; i gcás seachadtaí laistigh den Aontas Eorpach áirítear leo sin CBL agus cánacha eile ar na hearraí arna n-íoc sa tír onnmhairíochta.

Sna táblaí soláthair agus úsáide agus sna táblaí siméadracha ionchuir-aschuir, déantar allmhairí earraí i gcomhair grúpaí táirgí ar leith a luacháil ag an bpraghas CAL (costas, árachas, last-táille) ag teorainn na tíre allmhairíochta.

3.169 *Sainmhíniú:* is éard atá sa phraghas CAL an praghas ar earra arna sheachadadh ag teorainn na tíre allmhairíochta, nó an praghas ar sheirbhís arna seachadadh ar chónaitheach, sula n-íoctar aon dleachtanna ar allmhairí nó aon chánacha eile ar allmhairí nó aon chorrlaigh trádála nó corrlaigh iompair laistigh den tír.

3.170 D'fhéadfadh ionadaithe nó aonaid tomhais ionadacha ar an luach SAB a bheith riachtanach in imthosca áirithe, amhail:

- (a) luacháiltear malartú earraí ag na bunphragsanna a gheofaí dá ndíolfaí ar airgead iad;
- (b) idirbhearta idir gnóthais chleamhnaithe: is gnách gur fearr luachanna iarbhír na n-aistrithe a úsáid. Má tá siad éagsúil, áfach, le pragsanna an mhargaidh, cuirtear praghas margaidh measta coibhéseach ina n-ionad;
- (c) earraí a aistrítear faoi léas airgeadais: luacháiltear na hearraí ar bhonn phraghas na gceannaitheoirí arna íoc ag an léasóir, seachas ar bhonn luach carnach na n-íocaíochtaí cíosa;
- (d) allmhairí earraí ar a ndéantar meastachán ar bhonn sonraí custaim (i gcás trádála lasmuigh den AE) nó ar bhonn faisnéise ó chóras Intrastat (i gcás trádála laistigh den AE). Ní chuireann an dá fhoinsé sonraí sin luacháil SAB i bhfeidhm; ach úsáideann siad luach CAL ag teorainn an AE agus luachanna CAL ag an teorainn náisiúnta faoi seach. Toisc nach n-úsáidtear luachanna SAB ach ag an leibhéal is comhiomlánaithe agus go n-úsáidtear luachanna CAL ag leibhéal na ngrúpaí táirgí, cuirtear na modhnuithe sin i bhfeidhm ag an leibhéal is comhiomlánaithe, agus tugtar an coigeartú CAL/SAB ar an modhnú;
- (e) allmhairí earraí agus onnmhairí earraí ar a ndéantar meastachán ar bhonn faisnéise ó shuirbhé nó ar bhonn faisnéise *ad hoc* de chineálacha éagsúla. I gcásanna den saghas sin, faightear luach iomlán na ndíolachán arna roinnt de réir táirge. Tá an meastachán bunaithe ar phragsanna na gceannaitheoirí seachas ar luachanna SAB.

Onnmhairí seirbhísí agus allmhairí seirbhísí (P.62 agus P.72)

3.171 *Sainmhíniú:* is éard atá in onnmhairí seirbhísí gach seirbhís a sholáthraíonn cónaitheigh do neamhchónaitheigh.

3.172 *Sainmhíniú:* is éard atá in allmhairí seirbhísí gach seirbhís a sholáthraíonn neamhchónaitheigh do chónaitheigh.

3.173 Áirítear na cásanna seo a leanas le honnmhairí seirbhísí:

- (a) iompar earraí onnmhairithe tar éis dóibh dul thar teorainn na tíre onnmhairíochta i gcás ina soláthraíonn iompróir cónaitheach an tseirbhís iompair sin (cásanna 2 agus 3 i dTábla 3.3);

- (b) iompar earraí allmhairithe a dhéanann iompróir cónaitheach:
- (1) go dtí teorainn na tíre onnmhairíochta nuair a luacháiltear na hearraí de réir an luacha SAB chun an luach iompair a áirítear sa luach SAB a fhritháireamh (cás 3 i dTábla 3.4);
 - (2) go dtí teorainn na tíre allmhairíochta nuair a luacháiltear na hearraí de réir an luacha CAL chun an luach iompair a áirítear sa luach CAL a fhritháireamh (cásanna 3 agus 2 CAL i dTábla 3.4);
- (c) iompar earraí a dhéanann cónaitheigh thar ceann neamhchónaitheach gan allmhairí na n-earraí ná onnmhairí na n-earraí a bheith i gceist (e.g. iompar earraí nach bhfágann an tír i bhfoirm onnmhairí nó iompar earraí lasmuigh den chríoch baile);
- (d) iompar paisinéirí a dhéanann iompróirí cónaitheacha thar ceann neamhchónaitheach;
- (e) gníomhaíochtaí próiseála agus deisiúcháin thar ceann neamhchónaitheach; tá na gníomhaíochtaí sin le taifeadadh mar fhigiúr glan, i.e. mar onnmhaire seirbhísí gan luach na n-earraí arna bpróiseáil nó arna ndeisiú a áireamh;
- (f) suiteáil trealamh ar an gcoigríoch mar chuid de thionscadail a bhfuil fad teoranta iontu;
- (g) seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn cónaitheigh do neamhchónaitheigh, lena n-áirítear an muirear seirbhíse sainráite agus intuigthe, amhail FISIM;
- (h) seirbhísí árachais a sholáthraíonn cónaitheigh do neamhchónaitheigh i gcomaoin shuim an mhuirir seirbhíse intuigthe;
- (i) caiteachas de chuid turasóirí neamhchónaitheacha agus taistealaithe gnó. Aicmítear an caiteachas mar sheirbhísí; chun críocha na dtáblaí soláthair agus úsáide agus na dtáblaí siméadracha ionchuir-aschuir, is gá miondealú a dhéanamh de réir táirge;
- (j) caiteachas de chuid neamhchónaitheach ar sheirbhísí sláinte agus oideachais arna soláthar ag cónaitheigh; áirítear leis sin soláthar na seirbhísí sin ar an gcríoch baile agus ar an gcoigríoch araon;
- (k) seirbhísí tithe saoire úinéirí-áitithe ar le neamhchónaitheigh iad (féach mír 3.77);
- (l) ríchíosanna agus táillí ceadúnais, a mbaineann na fáiltais uathu le húsáid údaraithe ceart maoine intleachtúla, amhail paitinní, cóipchearta, trádmharcanna, próisis thionsclaíocha, saincheadúnais, etc., agus le húsáid bunábhair nó fréamhshamhlacha arna dtáirgeadh, amhail lámhscríbhinní, saothair phéintéireachta, etc. trí chomhaontuithe ceadúnaithe agus arna n-íoc ag neamhchónaitheigh le cónaitheigh.

3.174 Maidir le hallmhairí seirbhísí, tá liosta coibhéseach ann atá ina scáthán ar liosta na n-onnmhairí seirbhísí i mír 3.173, agus níl gá le cur síos níos mionsonraithe ach i gcás na n-allmhairí seirbhísí seo a leanas.

3.175 Áirítear na cásanna seo a leanas in allmhairí seirbhísí iompair:

- (a) iompar earraí onnmhairithe a dhéanann iompróir neamhchónaitheach go dtí teorainn na tíre onnmhairíochta chun an luach iompair a áirítear i luach SAB na n-earraí onnmhairithe a fhritháireamh (cás 4 i dTábla 3.3);
- (b) iompar earraí allmhairithe ag iompróir neamhchónaitheach:
- (1) ó teorainn na tíre onnmhairíochta mar sheirbhís iompair ar leith nuair a luacháiltear na hearraí allmhairithe de réir a luacha SAB (cásanna 4 agus 5 SAB i dTábla 3.4);
 - (2) ó teorainn na tíre allmhairíochta mar sheirbhís iompair ar leith nuair a luacháiltear na hearraí allmhairithe de réir a luacha CAL (sa chás sin tá luach na seirbhíse iompair idir theorainneacha na tíre onnmhairíochta agus na tíre allmhairíochta ar áireamh cheana i luach CAL an earra; cás 4 i dTábla 3.4);

- (c) iompar earraí a dhéanann neamhchónaitheigh thar ceann cónaitheach gan allmhairí earraí nó onnmhairí earraí a bheith i gceist (e.g. iompar earraí atá ar idirthuras nó iompar earraí lasmuigh den chríoch baile);
- (d) iompar paisinéirí idirnáisiúnta nó náisiúnta thar ceann cónaitheach a dhéanann iompróirí neamhchónaitheacha.

Eisiatar ó allmhairí seirbhísí iompair iompar earraí onnmhairithe tar éis dóibh dul thar teorainn na tíre onnmhairíochta i gcás ina soláthraíonn iompróir neamhchónaitheach na seirbhísí sin (cásanna 5 agus 6 i dTábla 3.3). Luacháiltear onnmhairí earraí de réir a luacha SAB agus, dá bharr sin, meastar gur idirbheart idir neamhchónaitheigh atá i ngach seirbhís iompair den sórt sin, i.e. idir iompróir neamhchónaitheach agus allmhairéoir neamhchónaitheach. Is amhlaidh an cas nuair a íocann an t-onnmhairéoir as na seirbhísí iompair sin faoi chonarthaí onnmhairíochta CAL.

- 3.176 Cuimsíonn allmhairí i leith ceannachán díreach a dhéanann cónaitheigh ar an gcoigríoch na ceannacháin uile earraí agus seirbhísí a dhéanann cónaitheigh agus iad ag taisteal ar an gcoigríoch chun críoch gnó nó pearsanta. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir dhá chatagóir toisc go láimhseáiltear ar shlite éagsúla iad:
- (a) is tomhaltas idirmheánach atá sa chaiteachas ar fad a bhaineann le gnó agus a dhéanann taistealaithe gnó;
- (b) is caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach an caiteachas eile ar fad, is cuma cé acu taistealaithe gnó nó taistealaithe eile a dhéanann é.
- 3.177 Déantar allmhairí seirbhísí agus onnmhairí seirbhísí a thairfeadh tráth a soláthraítear iad. Bíonn an tráth sin i gcomhráth leis an tráth a dtáirgtear seirbhísí. Luacháiltear allmhairí seirbhísí ag praghsanna na gceannaitheoirí agus luacháiltear onnmhairí seirbhísí ag na bunpraghsanna.

Tábla 3.3 — Iompar earraí onnmhairithe a láimhseáil

	Críoch baile	Críoch idir eatarthu	Críoch na tíre allmhairíochta
1.	iompróir cónaitheach ⇒	2. iompróir cónaitheach ⇒	3. iompróir cónaitheach ⇒
4.	iompróir neamhchónaitheach ⇒	5. iompróir neamhchónaitheach ⇒	6. iompróir neamhchónaitheach ⇒
	Onnmhairí earraí (SAB)	Onnmhairí seirbhísí	Allmhairí earraí (CAL/SAB)
	Allmhairí seirbhísí		
1.	x	—	—
2.	—	x	—
3.	—	x	—
4.	x	—	x
5.	—	—	—
6.	—	—	—

- 3.178 Conas an tábla seo a léamh: Sonraítear sa chéad chuid den tábla seo go bhfuil sé cinn d'fhéidearthachtaí ann maidir le hearraí onnmhairithe a iompar, ag brath ar an iompróir a bheith ina chónaitheach nó a mhalairt agus ag brath ar an áit ina n-iompraítear na hearraí: ó áit sa chríoch baile go dtí an teorainn náisiúnta, ón teorainn náisiúnta go dtí teorainn na tíre allmhairíochta nó ó teorainn na tíre allmhairíochta go dtí áit laistigh den tír allmhairíochta. Sonraítear sa dara cuid den tábla, maidir le gach ceann de na sé cinn d'fhéidearthachtaí sin, cé acu mar onnmhairí earraí, mar onnmhairí seirbhísí, mar allmhairí earraí nó mar allmhairí seirbhísí atá na costais iompair le tairfeadh.

Tábla 3.4 — Iompar earraí allmhairithe a láimhseáil

	Críoch baile	Críoch idir eatarthu	Críoch na tíre onnmhairíochta
1.	iompróir cónaitheach ⇐	2. iompróir cónaitheach ⇐	3. iompróir cónaitheach ⇐
4.	iompróir neamhchónaitheach ⇐	5. iompróir neamhchónaitheach ⇐	6. iompróir neamhchónaitheach ⇐

	Luacháil earraí allmhairithe	Allmhairí earraí	Allmhairí seirbhísí	Onnmhairí earraí (SAB)	Onnmhairí seirbhísí
1.	CAL/SAB	—	—	—	—
2.	SAB CAL	— x	— —	— —	— x
3.	CAL/SAB	x	—	—	x
4.	CAL/SAB	—	x	—	—
5.	SAB CAL	— x	x —	— —	— —
6.	CAL/SAB	x	—	—	—

3.179 Conas an tábla seo a léamh: Sonraítear sa chéad chuid den tábla seo go bhfuil sé cinn d'fhéidearthachtaí ann maidir le hearraí allmhairithe a iompar, ag brath ar an iompróir a bheith ina chónaitheach nó a mhalairt agus ag brath ar an áit ina n-iompraítear na hearraí: ó áit sa tír onnmhairíochta go dtí teorainn na tíre onnmhairíochta sin, ó teorainn na tíre onnmhairíochta go dtí teorainn na tíre allmhairíochta agus ón teorainn náisiúnta go dtí áit sa chríoch baile. Sonraítear sa dara cuid den tábla seo, maidir le gach ceann de na sé cinn d'fhéidearthachtaí sin, cé acu mar allmhairí earraí, mar allmhairí seirbhísí, mar onnmhairí earraí nó mar onnmhairí seirbhísí atá na costais iompair le taifeadadh. I gcásanna áirithe (cásanna 2 agus 5), braitheann an taifeadadh sin ar an bprionsabal luachála a chuirtear i bhfeidhm maidir le hearraí allmhairithe. Tabhair faoi deara gurb é an méid seo a leanas atá i gceist leis an aistriú ó luacháil “CAL” go luacháil “SAB” earraí allmhairithe:

- (a) coigeartú CAL/SAB, i.e. ó 2 CAL go 2 SAB (rud a laghdaíonn iomlán na n-allmhairí agus na n-onnmhairí);
- (b) athaicmiú CAL/SAB, i.e. ó 5 CAL go 5 SAB (rud a fhágann iomlán na n-allmhairí agus na n-onnmhairí gan athrú).

IDIRBHEARTA EARRAÍ ATÁ ANN CHEANA

3.180 *Sainmhíniú:* is éard atá in earraí atá ann cheana earraí (seachas fardail) ag a raibh úsáideoir cheana.

3.181 Cuimsíonn earraí atá ann cheana an méid seo a leanas:

- (a) foirgnimh agus earraí eile caipitil sheasta a dhíolann aonad táirgthe le haonaid eile:
 - (1) lena n-athúsáid amhlaidh;
 - (2) lena scartáil nó lena mbriseadh; úsáidtear na táirgí a thagann as sin mar amháibhair (e.g. dramhiarann) chun earraí nua a tháirgeadh (e.g. cruach);
- (b) earraí luachmhara a dhíolann aonad amháin le haonad eile;
- (c) earraí marthanacha tomhaltais a dhíolann teaghlaigh le haonaid eile:
 - (1) lena n-athúsáid amhlaidh;
 - (2) lena mbriseadh agus lena n-iompú go hábhair scartála;
- (d) earraí neamh-mharthanacha (e.g. dramhpháipéar, ceirteacha, seanéadaí, seanbhuidéil, etc.) arna ndíol ag aonad ar bith, lena n-athúsáid nó lena n-úsáid mar amháibhair chun earraí nua a mhonarú.

Déantar aistriú earraí atá ann cheana a thaifeadadh mar chaiteachas diúltach (éadail dhiúltach) maidir leis an díoltóir agus mar chaiteachas deimhneach (éadail dheimhneach) maidir leis an gceannaitheoir.

3.182 Is iad seo a leanas na torthaí a bhíonn ag an sainmhíniú sin ar earraí atá ann cheana:

- (a) nuair a tharlaíonn díol sócmhainne seasta atá ann cheana nó earra luachmhair atá ann cheana idir dhá tháirgeoir chónaitheacha, cealaíonn na luachanna deimhneacha agus diúltacha arna dtaifeadadh maidir le hollfhoirmiú caipitil sheasta a chéile maidir leis an ngeilleagar ina iomláine cé is moite de na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta;

- (b) nuair a dhíoltar sócmhainn sheasta dhochorraithe atá ann cheana (e.g. foirgneamh) le neamhchónaitheach, láimhseáiltear an neamhchónaitheach mar cheannaitheoir sócmhainne airgeadais, i.e. cothromas aonaid chónaitheigh bharúlaigh. Meastar ansin gur cheannaigh an t-aonad cónaitheach barúlach sin an tsócmhainn sheasta. Tarlaíonn díol agus ceannach na sócmhainne seasta idir aonaid chónaitheacha;
- (c) nuair a onnmhairítear sócmhainn sheasta shochorraithe atá ann cheana, amhail long nó aerárthach, ní dhéantar aon ollfhoirmiú deimhneach caipitil sheasta a thaifeadh sa gheilleagar chun ollfhoirmiú diúltach caipitil sheasta an díoltóra a fhritháireamh;
- (d) féadfar roinnt earraí marthanacha, amhail feithiclí, a aicmiú mar shócmhainní seasta nó mar earraí marthanacha tomhaltais ag brath ar an úinéir agus ar an gcríoch a n-úsáidtear chuici iad. Má aistrítear úinéireacht earra den sórt sin ó ghnóthas go teaghlach lena úsáid chun críche tomhaltais chríochnaitheigh, déantar ollfhoirmiú diúltach caipitil sheasta a thaifeadh maidir leis an ngnóthas agus caiteachas deimhneach ar thomhaltas a thaifeadh maidir leis an dteaghlach. I gcás ina n-aistrítear úinéireacht earra den sórt sin ó theaghlach go gnóthas, déantar caiteachas diúltach ar thomhaltas críochnaitheach a thaifeadh maidir leis an dteaghlach agus ollfhoirmiú deimhneach caipitil sheasta a thaifeadh maidir leis an ngnóthas;
- (e) tá idirbhearta earraí luachmhara atá ann cheana le taifeadh mar éadail earra luachmhair (ollfhoirmiú deimhneach caipitil sheasta) de chuid an cheannaitheora agus mar dhiúscairt earra luachmhair (ollfhoirmiú diúltach caipitil sheasta) de chuid an díoltóra. I gcás idirbhirt leis an gcuid eile den domhan, tá allmhairí earraí nó onnmhairí earraí le taifeadh. Níl díol earra luachmhair a dhéanann teaghlach le taifeadh mar chaiteachas diúltach ar thomhaltas críochnaitheach;
- (f) nuair a dhéanann an rialtas earraí marthanacha míleata atá ann cheana a dhíol ar an gcoigríoch, déantar é sin a thaifeadh mar onnmhairí earraí agus mar fhoirmiú diúltach caipitil sheasta de chuid an rialtais.

3.183 Déantar idirbhearta in earraí atá ann cheana a thaifeadh tráth an athraithe úinéireachta. Cuirtear i bhfeidhm na prionsabail luachála is iomchuí maidir leis an gcineál idirbhirt i dtáirgí atá i gceist.

ÉADÁLACHA LÚIDE DIÚSCAIRTÍ SÓCMHAINNÍ NEAMHTHÁIRGTHE (SN)

- 3.184 *Sainmhíniú*: is éard atá i sócmhainní neamhtáirgthe sócmhainní nár táirgeadh laistigh de theorainn an táirgthe agus is féidir a úsáid i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí.
- 3.185 Tá trí chatagóir éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtáirgthe ann:
- (a) éadálacha lúide diúscairtí acmhainní nádúrtha (SN.1);
- (b) éadálacha lúide diúscairtí conarthaí, léasanna agus ceadúnas (SN.2);
- (c) ceannacháin lúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margaíochta (SN.3).
- 3.186 Is iad na catagóirí seo a leanas a bheidh in acmhainní nádúrtha:
- (a) talamh;
- (b) cúltaisc mianraí agus fuinnimh;
- (c) acmhainní bitheolaíoch neamhshaothraithe;
- (d) acmhainní uisce;
- (e) speictrim raidió;
- (f) acmhainní nádúrtha eile.

Eisiatar ó acmhainní nádúrtha sócmhainní táirgthe arb iad acmhainní bitheolaíoch saothraithe atá iontu. Ní dhéantar ceannach nó díol acmhainní bitheolaíoch saothraithe a thaifeadh mar éadálacha lúide diúscairtí acmhainní nádúrtha; taifeadtar mar fhoirmiú caipitil sheasta iad. Ní dhéantar íocaíochtaí i leith úsáid shealadach acmhainní nádúrtha a thaifeadh mar éadálacha acmhainní nádúrtha ach oiread; taifeadtar mar chíos iad, i.e. mar ioncam ó mhaoin (féach Caibidil 15: Conarthaí, léasanna agus ceadúnais).

3.187 Sainmhínítear talamh mar urlár na talún féin, lena n-áirítear an clúdach ithreach agus aon uiscí dromchla gaolmhara. Áirítear le huiscí dromchla gaolmhara aon uiscí intíre (taiscumair, lochanna, aibhneacha, etc.) ar féidir cearta úinéireachta a fheidhmiú maidir leo.

3.188 Eisiatar na hítimí seo a leanas ó thalamh:

- (a) foirgnimh nó déanmhais eile ar an talamh nó a théann tríd (mar shampla bóithre agus tolláin);
- (b) fionghoirt, úlloird, nó fáschoillte eile agus barra ar a gcois, etc.;
- (c) sócmhainní fo-ithreach;
- (d) acmhainní bitheolaíochta neamhshaothraithe;
- (e) acmhainní uisce faoi thalamh.

Is sócmhainní seasta táirgthe iad ítimí (a) agus (b), is cineálacha sócmhainní neamhtháirgthe iad ítimí (c), (d) agus (e).

3.189 Déantar éadálacha agus diúscairtí talún agus acmhainní nádúrtha eile a luacháil ag praghsanna reatha an mhargaidh atá i réim tráth a dtarlaíonn na héadálacha/na diúscairtí. Taifeadtar idirbhearta in acmhainní nádúrtha ag an luach céanna i gcuntais an cheannaitheora agus i gcuntais an díoltóra. Eisiatar ón luach sin na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta na hacmhainne nádúrtha. Láimhseáiltear na costais sin mar ollfhoirmiú caipitil sheasta.

3.190 Is iad na haicmí seo a leanas atá i gceist le conarthaí, le léasanna agus le ceadúnais mar shócmhainní neamhtháirgthe:

- (a) léasanna oibriúcháin indíolta;
- (b) ceadanna chun acmhainní nádúrtha a úsáid, e.g. cuótaí iascaireachta;
- (c) ceadanna chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh, e.g. ceadanna astaíochta agus ceadúnais do líon teoranta casino nó chun tacsaithe a fheidhmiú i gceantar áirithe;
- (d) teidlíochtaí i leith earraí agus seirbhísí sa todhcháir ar bhonn eisiach, e.g. conarthaí peileadóir agus ceart eisiach foilsitheora saothair nua le húdar ainmnithe a fhoilsíú.

3.191 Eisiatar ó chonarthaí, ó léasanna agus ó cheadúnais mar chatagóir sócmhainní neamhtháirgthe, léasú oibriúcháin na sócmhainní sin; déantar íocaíochtaí i leith an léasa oibriúcháin a thaifeadadh mar thomhaltas idirmheánach.

Eisiatar ó luach éadálacha agus diúscairtí conarthaí, léasanna agus ceadúnais na costais ghaolmhara a ghabhann le haistriú úinéireachta. Is comhpháirt den ollfhoirmiú caipitil sheasta iad na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta.

3.192 *Sainmhíniú:* is éard atá i luach sócmhainní cáilmheasa agus margaíochta an difríocht idir an praghas arna íoc ar ghnóthas mar ghnóthas leantach agus suim a shócmhainní lúide suim a dhliteanas. Chun luach iomlán na sócmhainní lúide dliteanas a ríomh, déantar gach sócmhainn agus gach dliteanas a aithint agus a luacháil ar leithligh.

3.193 Ní thaifeadtar cáilmheas ach nuair a fhianaítear é le hidirbheart margaidh, mar shampla le díol na corparáide ar fad. I gcás ina ndíoltar sócmhainní margaíochta aitheanta ina n-aonar agus ar leithligh ón gcorparáid ar fad, taifeadtar an díol sin faoin ítim seo.

3.194 Taifeadtar éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe i gcuntas caipitil na n-earnálacha, an gheilleagair iomlán agus na coda eile den domhan.

CAIBIDIL 4

IDIRBHEARTA DÁILEACHÁIN

- 4.01 *Sainmhíniú*: is éard atá in idirbhearta dáileacháin idirbhearta trína ndéantar an breisluach arna ghiniúint ag táirgeadh a dháileadh ar shaothar, ar chaipiteal agus rialtas, agus ar idirbhearta chun ioncam agus rachmas a athdháileadh.

Déantar idirhealú idir aistrithe reatha agus aistrithe caipitil; meastar go n-athdháileann aistrithe caipitil coigilt nó rachmas seachas ioncam.

CÚITEAMH D'FHOSTAITHE (D.1)

- 4.02 *Sainmhíniú*: is éard atá i gcúiteamh d'fhostaithe (D.1) an luach saothair iomlán, in airgead nó i gcomhchineál, atá le híoc ag fostóir le fostaí as obair a dhéanann an fostaí i rith tréimhse cuntasáíochta.

Tá na codanna seo a leanas i gcúiteamh d'fhostaithe:

- (a) pá agus tuarastail (D.11):

- pá agus tuarastail in airgead tirim,
- pá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil;

- (b) ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí (D.12):

- ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí (D.121):
 - ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí (D.1211),
 - ranníocaíochtaí iarbhír neamhphinsean fostóirí (D.1212),
- ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.122):
 - ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí (D.1221),
 - ranníocaíochtaí barúlacha neamhphinsean fostóirí (D.1222).

Pá agus tuarastail (D.11)

Pá agus tuarastail in airgead tirim

- 4.03 Is éard a áirítear in “pá agus tuarastail in airgead tirim” ranníocaíochtaí sóisialta, cánacha ioncaim agus íocaíochtaí eile is iníoctha ag an bhfostaí, lena n-áirítear iad sin a choinníonn an fostóir siar agus a íoctar go díreach le scéimeanna árachais shóisialta, le húdaráis chánach, etc. thar ceann an fhostaí:

Áirítear luach saothair de na cineálacha seo a leanas in “pá agus tuarastail in airgead tirim”:

- (a) gnáthphá agus gnáth-thuarastail is iníoctha go tráthrialta;
- (b) íocaíochtaí feabhsaithe, e.g. íocaíochtaí as ragobair, obair oíche, obair ar an deireadh seachtaine, obair in imthosca míthaitneamhacha nó guaiseacha;
- (c) liúntais costas maireachtála, liúntais áitiúla agus liúntais esaoránachta;
- (d) bónais nó íocaíochtaí eisceachtúla eile, atá nasctha le feidhmíocht ghinearálta an ghnóthais, arna ndéanamh faoi scéimeanna dreasachta; bónais atá bunaithe ar tháirgiúlacht nó ar bhrabúis, bónais na Nollag agus na hAthbhliana gan sochair shóisialta fostaíthe a áireamh (féach pointe (c) de mhír 4.07); pá i leith “an 13ú mí go 14ú mí” (pá forlíontach bliantúil);
- (e) liúntais as iompar go dtí an obair agus ón obair, gan liúntais ná aisíocaíochtaí d'fhostaithe as costais taistil, scartha, aistrithe agus siamsaíochta a thabhaítear agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu a áireamh (féach pointe (a) de mhír 4.07);

- (f) pá saoire i leith saoirí oifigiúla nó saoirí bliantúla;
- (g) coimisiúin, síntí láimhe, táillí tinrimh agus táillí stiúirthóirí arna n-íoc le fostaithe;
- (h) íocaíochtaí a dhéanann fostóirí lena bhfostaithe faoi scéimeanna coigiltis;
- (i) íocaíochtaí eisceachtúla le fostaithe a fhágann an gnóthas, mura bhfuil na híocaíochtaí sin ceangailte le comhaontú comhchoiteann;
- (j) liúntais tithíochta arna n-íoc ag fostóirí lena bhfostaithe in airgead tirim.

Pá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil

- 4.04 *Sainmhíniú:* is éard atá i bpá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil earraí agus seirbhísí, nó sochair neamhairgid eile, a sholáthraíonn fostóirí saor in aisce nó ar phraghsanna laghdaithe, agus ar féidir le fostaithe iad a úsáid tráth a oirfidh dóibh féin agus dá rogha féin, chun a riachtanais agus a dteastálacha féin nó riachtanais agus teastálacha na mball eile dá dteaghlach a shásamh.
- 4.05 Seo a leanas samplaí de phá agus tuarastail:
- (a) béilí agus deochanna, lena n-áirítear na béilí agus na deochanna sin a chaitear i rith taistil ghnó cé is moite de bhéilí speisialta nó deochanna speisialta a bhfuil gá leo de thoradh coinníollacha eisceachtúla oibre. Áirítear le pá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil laghduithe praghais a fhaightear i gceaintíní atá saor in aisce nó fóirdheonaithe, nó a fhaightear le dearbháin lóin;
 - (b) seirbhísí tithíochta nó cóiríochta ceannaithe nó féinchuntais, ar seirbhísí den chineál sin iad is féidir le gach duine de theaghlach an fhostaí a úsáid;
 - (c) éidí nó cineálacha eile éadaí speisialta a roghnaíonn fostaithe a chaitheamh go minic lasmuigh den ionad oibre agus san ionad oibre araon;
 - (d) seirbhísí feithiclí nó earraí marthanacha eile a sholáthraítear d'fhostaithe dá n-úsáid phearsanta;
 - (e) earraí agus seirbhísí a tháirgtear i bhfoirm aschuir ó phróisis táirgthe an fhostóra féin, amhail taisteal saor in aisce d'fhostaithe comhlachtaí iarnróid nó aerlínte, gual saor in aisce do mhianadóirí, nó bia saor in aisce d'fhostaithe i réimse na talmhaíochta;
 - (f) soláthar saoráidí spóirt, caitimh aimsire nó saoire d'fhostaithe agus dá dteaghlach;
 - (g) iompar go dtí an obair agus ón obair, ach amháin sa chás go ndéantar é i rith na n-uaireanta oibre; agus páirceáil gluaisteán más rud gur gá íoc as de ghnáth;
 - (h) cúram leanaí do pháistí na bhfostaithe;
 - (i) íocaíochtaí a dhéanann fostóirí chun tairbhe fostaithe le comhairlí oibreacha nó le comhlachtaí dá leithéidí;
 - (j) scaireanna bónais a dháiltear ar fhostaithe;
 - (k) iasachtaí a thugtar d'fhostaithe ar rátaí laghdaithe úis. Déantar luach an tsochair sin a mheas mar an méid a chaithfeadh an fostaí a íoc dá muirearófaí an ráta úis a chomhfhreagródh do dhálaí an mhargaidh, lúide an méid úis arna íoc iarbhír. Déantar an sochar a thaifeadadh mar phá agus mar thuarastail sa chuntas giniúna ioncain, agus déantar an íocaíocht bharúlach úis comhfhreagrach ón bhfostaí leis an bhfostóir a thaifeadadh sa chuntas dáilte phríomha ioncain;
 - (l) scair-roghanna, nuair a thugann fostóir rogha don fhostaí stoic nó scaireanna a cheannach ar phraghas sonrach ag dáta sa todhchaí (féach mír 4.168 go mír 4.178);
 - (m) ioncain a ghintear le gníomhaíochtaí neamhbhreathnaithe in earnálacha corparáideacha agus a aistrítear chuig na fostaithe a ghlacann páirt i gníomhaíochtaí den sórt sin dá n-úsáid phríobháideach.
- 4.06 Earraí agus seirbhísí a thugtar d'fhostaithe mar phá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil, luacháiltear iad ag bunphraghsanna i gcás ina dtáirgeann an fostóir iad, agus ag praghsanna na gceannaitheoirí i gcás ina gceannaíonn an fostóir iad. I gcás ina soláthraítear saor in aisce iad, ríomhtar luach iomlán an phá chomhchineáil agus na dtuarastail comhchineáil de réir bhunphraghsanna (nó de réir phraghsanna ceannaitheoirí an fhostóra sa chás gurb é an fostóir a cheannaíonn iad) na n-earraí agus na seirbhísí i dtrácht. Déantar an luach a laghdú leis an méid a d'íoc an fostaí sa chás ina dtugtar na hearraí agus na seirbhísí ag praghsanna laghdaithe seachas saor in aisce.

4.07 Ní áirítear an méid seo a leanas i bpá agus i dtuarastail:

- (a) caiteachas fostóirí is gá i gcomhair phróiseas táirgthe an fhostóra. A leithéidí seo:
- (1) liúntais nó aisíocaíochtaí d'fhostaithe as costais taistil, scartha, aistrithe agus siamsaíochta arna dtabhú agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu;
 - (2) caiteachas ar sholáthar áiseanna san ionad oibre, scrúduithe dochtúra a bhfuil gá leo de bharr nádúr na hoibre agus soláthar éadaí oibre a chaitear chun na hoibre;
 - (3) seirbhísí cóiríochta san ionad oibre de chineál nach féidir le teaghlaigh na bhfostaithe úsáid a bhaint astu — cábáin, suanliosanna, botháin is araile;
 - (4) béilí nó deochanna speisialta a bhfuil gá leo de dheasca coinníollacha eisceachtúla oibre;
 - (5) liúntais arna n-íoc le fostaithe le go gceannóidh siad uirlisí, trealamh agus éadaí speisialta a bhfuil gá leo don obair, nó an chuid sin dá bpá nó dá dtuarastail a bhfuil sé de cheangal orthu, de réir a gconarthaí fostaíochta, a leithéid a cheannach. A mhéid nach ndéantar fostaithe, ar fostaithe iad a bhfuil sé de cheangal orthu de réir a gconartha fostaíochta uirlisí, trealamh agus éadaí speisialta etc. a cheannach, a aisíoc go hiomlán, déantar na costais iarmharacha a thabhaíonn siad a asbhaint ó na méideanna a fhaigheann siad mar phá agus mar thuarastal.

Maidir le caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí a bhfuil sé de dhualgas ar fhostóirí a sholáthar dá bhfostaithe le go mbeidh siad in ann a gcuid oibre a dhéanamh, láimhseáiltear é mar thomhaltas idirmheánach i leith na bhfostóirí;

- (b) na méideanna pá agus tuarastail a íocann fostóirí lena bhfostaithe go sealadach i gcás tinnis, máithreachais, gortú tionsclaíoch, míchumais, etc. Láimhseáiltear íocaíochtaí den sórt sin mar shochair árachais shóisialta neamhphínsean eile (D.6222), agus taifeadtar na méideanna céanna faoi ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.1222);
- (c) sochair árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht, i bhfoirm liúntas leanaí, liúntas céile, liúntas teaghlaigh, liúntas oideachais nó liúntas eile i leith cleithiúnaithe, agus i bhfoirm seirbhísí leighis saor in aisce (seachas na seirbhísí sin a bhfuil gá leo de thoradh chineál na hoibre) a sholáthar d'fhostaithe agus dá dteaghlach;
- (d) cánacha is iníochta ag an bhfostóir ar bhille an phá agus na dtuarastal — mar shampla, cáin phárolla. Déantar cánacha dá leithéidí is iníochta ag gnóthais a mheasúnú mar chuid den phá agus de na tuarastail arna n-íoc nó mar mhéid socair in aghaidh an duine fhostaithe. Láimhseáiltear iad mar chánacha eile ar tháirgeadh;
- (e) íocaíochtaí d'oibrithé baile atá ar rátaí tascoibre. Nuair is feidhm den luach atá ar aschuir próisis éigin táirgthe a bhfuil an duine sin freagrach as, dá mhéad nó dá laghad oibre a rinneadh, ciallaíonn an cineál seo cúitimh gur féinfhostaithe atá an t-oibrí.

Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí (D.12)

4.08 *Sainmhíniú:* is éard atá i ranníocaíochtaí sóisialta ranníocaíochtaí is iníochta ag fostóirí le scéimeanna slándála sóisialta nó le scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht, chun sochair shóisialta a fháil dá bhfostaithe.

Déantar suim arb ionann í agus luach na ranníocaíochtaí sóisialta arna dtabhú ag fostóirí chun teidlíocht sochar sóisialta a fháil dá bhfostaithe a thaifeadadh faoi chúiteamh d'fhostaithe. Féadfaidh ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí a bheith iarbhrí nó barúlach.

Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhrí fostóirí (D.121)

4.09 *Sainmhíniú:* is éard atá i ranníocaíochtaí sóisialta iarbhrí fostóirí (D.121) íocaíochtaí a dhéanann fostóirí chun sochair a bhfostaithe le hárachóirí (scéimeanna slándála sóisialta agus scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht). Cumhdaíonn íocaíochtaí den sórt sin ranníocaíochtaí reachtúla, coinbhinsiúnacha, conarthacha agus deonacha i leith árachais in aghaidh rioscaí nó riachtanas sóisialta.

Cé go n-íocann na fostóirí na ranníocaíochtaí fostóirí go díreach leis na hárachóirí, láimhseáiltear iad mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe. Ansin, taifeadtar gurb iad na fostaithe a d'íoc as na ranníocaíochtaí leis na hárachóirí.

Dhá chatagóir atá i ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí, agus déantar na ranníocaíochtaí a bhaineann le pinsin agus na ranníocaíochtaí le haghaidh sochar eile a thaifeadadh ar leithligh faoi na ceannteidil seo:

- (a) ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí (D.1211);
- (b) ranníocaíochtaí iarbhír neamhphinsean fostóirí (D.1212).

Freagraíonn ranníocaíochtaí iarbhír neamhphinsean fostóirí do ranníocaíochtaí a bhaineann le rioscaí sóisialta agus riachtanais shóisialta seachas pinsin, amhail tinneas, máithreachas, gortú tionsclaíoch, míchumas, iomarcaíocht a bhfostaithe etc.

Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.122)

- 4.10 *Sainmhíniú:* is éard atá i ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.122) contrapháirt sochar árachais shóisialta eile (D.622) (lúide aon ranníocaíochtaí sóisialta fostaithe) a íocann fostóirí go díreach lena bhfostaithe nó lena n-iarfhostaithe agus le daoine incháilithe eile gan gnóthas árachais ná ciste pinsean uathrialach a úsáid, agus gan ciste speisialta ná cúlchiste leithscartha a chruthú chun na críche sin.

Roinntear ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí i dhá chatagóir:

- (a) Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí (D.1221)

Ceann amháin de dhá chineál ar leith a bhíonn i scéimeanna árachais shóisialta, i.e. scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe nó scéimeanna sochar sainithe.

Is éard atá i scéim ranníocaíochtaí sainithe scéim ina gcinntear na sochair trí na ranníocaíochtaí a rinneadh leis an scéim agus an tuairisceán ar infheistiú na gcistí. Tráth an scoir, is é an fostaí a ghlacann chuige na rioscaí go léir a bhaineann leis na sochair is iníoctha. I gcás scéimeanna dá leithéidí, níl aon ranníocaíochtaí barúlacha ann ach amháin más é an t-oibreoir féin a oibríonn an scéim. Sa chás sin, láimhseáiltear costais oibriúcháin na scéime mar ranníocaíocht bharúlach is iníoctha leis an bhfostaí mar chuid de chúitimh d'fhostaithe. Déantar an méid sin a thaifeadadh freisin mar thomhaltas críochnaitheach arna dhéanamh ag teaghlaigh ar sheirbhísí airgeadais.

Is éard atá i scéim sochar sainithe scéim ina gcinntear na sochair is iníoctha leis na baill trí rialacha na scéime, i.e. foirmle a úsáid chun an íocaíocht a chinneadh nó íosíocaíocht. I ngnáthscéim sochar sainithe, déanann idir an fostóir agus an fostaí ranníocaíochtaí; bíonn ranníocaíocht an fhostaí éigeantach agus is céatadán dá thuarastal reatha é. Is ar an bhfostóir atá sé na costais a bhaineann leis na sochair luaite a sheasamh. Is é an fostóir a ghlacann chuige na rioscaí a bhaineann leis na sochair a sholáthar.

Faoi scéim sochar sainithe, déanann an fostóir ranníocaíocht bharúlach a ríomhtar mar seo:

is ionann an ranníocaíocht bharúlach a dhéanann an fostóir agus

an méadú ar an sochar mar gheall ar an tréimhse reatha fostaíochta

lúide iomlán ranníocaíocht iarbhír an fhostóra

lúide iomlán aon ranníocaíochta a dhéanann an fostaí

móide costais oibriúcháin na scéime.

D'fhéadfadh sé go luafaí scéimeanna áirithe mar scéimeanna neamh-ranníocach ós rud é nach ndearna an fostóir ná an fostaí aon ranníocaíocht iarbhír. Mar sin féin, déantar ranníocaíocht bharúlach a dhéanann an fostóir a ríomh agus a iontráil go bharúlach mar a thuairiscítear thuas.

I gcás nach dtaifeadtar teidlíochtaí pinsean scéimeanna d'fhostaithe rialtais sna cuntais phríomhshraithe, is ar bhonn ríomhanna achtúireacha a dhéanfar meastachán ar ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí rialtais. Mura bhfuil leibhéal iontaofachta leordhóthanach ag baint leis na ríomhanna achtúireacha, agus sa chás sin amháin, is féidir dhá bhealach eile a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí rialtais:

- (1) ar bhonn céatadán réasúnta de phá agus tuarastail a íoctar le fostaithe reatha; nó

(2) iad a bheith cothrom leis an difear idir sochair reatha is infíoctha agus ranníocaíochtaí iarbhír is infíoctha (ag fostaithe agus ag an rialtas mar fhostóir araon).

(b) Ranníocaíochtaí barúlacha neamhphínsean fostóirí (D.1222)

Cé go n-íocann na fostóirí sochair shóisialta áirithe go díreach, seachas trí chistí slándála sóisialta ná trí árachóirí eile, ní chuireann sé sin aon chosc ar iad a thaifeadadh mar shocair leasa shóisialta. Ós rud é gur cuid de chostais saothair fostóirí iad costais na sochar sin, áirítear iad sa chúiteamh d'fhostaithe. Déantar luach saothair, dá bhrí sin, a iontráil go barúlach i gcás fostaithe dá leithéidí agus é cothrom le suim na ranníocaíochtaí sóisialta a bhfuil gá leo ionas go n-urrófar na teidlíochtaí ar na sochair shóisialta a charnann siad. Cuirtear san áireamh i suimeanna den sórt sin aon ranníocaíochtaí arna ndéanamh iarbhír ag an bhfostóir nó ag an bhfostaí agus braitheann siad ní amháin ar leibhéal na sochar is infíoctha an tráth sin ach freisin ar na slite is dealraitheach go bhfabhróidh dliteanais fostóirí faoi scéimeanna dá leithéidí sa todhchaí mar gheall ar fhachtóirí amhail athruithe ionchais ar líon a bhfostaithe láithreacha agus a n-iarfhostaithe, ar a ndáileadh de réir aoise agus ar a n-ionchas saoil. Is ar na cineálacha céanna ríomhanna achtúireacha a úsáidtear chun leibhéal na bpréimheanna a mhuirearaíonn fiontair árachais a chinneadh atá luachanna barúlacha na ranníocaíochtaí bunaithe.

D'fhéadfadh sé a bheith deacair suimeanna na ranníocaíochtaí barúlacha sin a ríomh go beacht, áfach. Féadfaidh an fostaí féin meastacháin a dhéanamh, ar bhonn na ranníocaíochtaí a íoctar isteach i scéimeanna cistithe dá samhail, b'fhéidir, chun a dhliteanais dhealraitheacha a ríomh don todhchaí, agus féadfar na meastacháin sin a úsáid nuair atá siad le fáil. Bealach eile inghlactha is ea céatadán réasúnta den phá agus tuarastail a íoctar le fostaithe reatha a úsáid. Seachas sin, níl rogha eile ann ach úsáid a bhaint as na sochair phinsin neamhchistithe infíoctha ag an bhfostóir i rith na tréimhse cuntasáíochta céanna mar mheastachán ar an luach saothair barúlach lena mbeadh gá chun na ranníocaíochtaí barúlacha a chumhdach. Meastachán inghlactha ar na ranníocaíochtaí agus ar an luach saothair barúlach gaolmhar atá sna sochair arna n-íoc iarbhír le linn na tréimhse reatha.

4.11 I gcuntais na n-earnálacha, taispeántar na costais ar shochair shóisialta dhíreacha i dtosach mar chomhpháirt den chúiteamh d'fhostaithe faoi "úsáidí" sa chuntas giniúna ioncaim, agus sa dara dul síos mar shochair shóisialta faoi "úsáidí" sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim. Chun an dara cuntas acu sin a chomhardú, glactar leis go n-íocann teaghlach na bhfostaithe ar ais le hearnálacha na bhfostóirí na ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí, lena maoinítear, in éineacht le ranníocaíochtaí sóisialta fostaithe, na sochair leasa shóisialta dhíreacha arna dtabhairt ag na fostóirí céanna dóibh. Tá an cúrsa barúlach seo costúil le cúrsa ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír na bhfostóirí, a théann trí chuntais na dteaghlach agus a mheastar a bheith íoctha leo ina dhiaidh sin ag na hárachóirí.

4.12 Tráth taifeadta an chúitimh d'fhostaithe:

(a) déantar pá agus tuarastail (D.11) a thaifeadadh i rith na tréimhse a ndéantar an obair lena linn. Mar sin féin, déantar bónaís *ad hoc* nó íocaíochtaí eisceachtúla eile, e.g. an 13ú mí, a thaifeadadh tráth atá siad le híoc. Taifeadtar scair-roghanna idir dáta an deonaithe agus dáta an dílsithe. Mura leor na sonraí, déantar luach na rogha a thaifeadadh dáta an dílsithe;

(b) déantar ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí (D.121) a thaifeadadh i rith na tréimhse a ndéantar an obair lena linn;

(c) déantar ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.122) a thaifeadadh de réir dhá chatagóir:

(1) déantar iad sin atá in ionannas le contrapháirt na sochar sóisialta díreach éigeantach a thaifeadadh i rith na tréimhse ina ndéantar an obair;

(2) déantar iad sin atá in ionannas le contrapháirt na sochar sóisialta díreach deonach a thaifeadadh tráth a sholáthraítear na sochair sin.

4.13 Tá na codanna seo a leanas i gcúiteamh d'fhostaithe:

(a) cúiteamh a thugann fostóirí cónaitheacha d'fhostaithe cónaitheacha;

(b) cúiteamh a thugann fostóirí neamhchónaitheacha d'fhostaithe cónaitheacha;

(c) cúiteamh a thugann fostóirí cónaitheacha d'fhostaithe neamhchónaitheacha.

Mar seo a leanas a thaifeadtar na nithe a liostaítear i bpointe (a) go pointe (c):

(1) faoin gcúiteamh a thugann fostóirí cónaitheacha d'fhostaithe cónaitheacha agus d'fhostaithe neamhchónaitheacha, grúpáiltear ítimí a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) le chéile agus taifeadtar iad faoi "úsáidí" i gcuntas giniúna ioncaim na n-earnálacha agus na dtionscal lena mbaineann na fostóirí;

- (2) faoin gcúiteamh a thugann fostóirí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha d'fhostaithe cónaitheacha, grúpáiltear na hítimí a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) le chéile agus taifeadtar iad faoi "acmhainní" i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na dteaghlach;
- (3) maidir leis an ítim dá dtagraítear i bpointe (b), cúiteamh a thugann fostóirí neamhchónaitheacha d'fhostaithe cónaitheacha, taifeadtar í faoi "úsáidí" sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha;
- (4) maidir leis an ítim dá dtagraítear i bpointe (c), cúiteamh a thugann fostóirí cónaitheacha d'fhostaithe neamhchónaitheacha, taifeadtar é faoi "acmhainní" sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

CÁNACHA AR THÁIRGEADH AGUS AR ALLMHAIRÍ (D.2)

4.14 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (D.2) íocaíochtaí éigeantacha gan chontrapháirteanna, in airgead nó i gcomhchineál, arna dtobhach ag an rialtas ginearálta, nó ag institiúidí an Aontais Eorpaigh, i leith táirgthe agus allmhairithe earraí agus seirbhísí, fostaíochta saothair, úinéireachta nó úsáide talún, foirgneamh nó sócmhainní eile a úsáidtear i rith an phróisis táirgthe. Tá cánacha den sórt sin iníochta cibé acu a bhí brabús ann nó nach raibh.

4.15 Tá dhá chuid i gcánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí:

(a) cánacha ar tháirgí (D.21):

(1) cánacha de chineál breisluacha (CBL) (D.211);

(2) cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh (D.212):

— dleachtanna ar allmhairí (D.2121),

— cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh (D.2122);

(3) cánacha ar tháirgí, seachas CBL agus cánacha ar allmhairí (D.214);

(b) cánacha eile ar tháirgeadh (D.29).

Cánacha ar tháirgí (D.21)

4.16 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcánacha ar tháirgí (D.21) cánacha iníochta in aghaidh an aonaid ar earra nó ar sheirbhís éigin arna t(h)áirgeadh nó arna m(h)alartú trí idirbheart. Is féidir suim shonrach airgid atá le híos in aghaidh an aonaid chainníochta earra nó seirbhíse a bheith i gceist leis an gcáin, nó is féidir í a ríomh mar chéatadán sonraithe den phraghas in aghaidh an aonaid nó in aghaidh an luacha atá ar na hearraí agus ar na seirbhísí arna dtáirgeadh nó arna malartú trí idirbheart. Maidir le cánacha a chuirtear ar tháirge, is cuma cén t-aonad institiúideach a íocann an cháin, áirítear iad sa cheannteideal "cánacha ar tháirgí", mura n-áirítear iad go sonrach faoi cheannteideal eile.

Cánacha de chineál breisluacha (CBL) (D.211)

4.17 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcáin de chineál breisluacha (CBL) cáin ar earraí nó ar sheirbhísí a bhailíonn gnóthais de réir a chéile agus a mhuirearaítear ina hiomláine sa deireadh thiar ar na ceannaitheoirí críochnaitheacha.

Is éard atá faoin gceannteideal seo an cháin bhreisluacha a bhailíonn an rialtas ginearálta agus a chuirtear ar tháirgí náisiúnta agus ar tháirgí allmhairithe, chomh maith le cánacha asbhainteacha eile a fhorchuirtear faoi rialacha atá cosúil leis na rialacha lena rialáitear CBL. CBL a thugtar ar gach cáin de chineál breisluacha. Gné choiteann de chánacha de chineál CBL is ea nach mbíonn oibleagáid ar tháirgeoirí ach an difear idir CBL ar a gcuid díolachán agus CBL ar a gcuid ceannachán atá ceaptha do thomhaltas idirmheánach agus ollfhoirmiú caipitil sheasta a íoc.

Déantar CBL a thairgeadh i bhfoirm ghlan, is e sin le rá:

(a) luacháiltear aschur earraí agus aschur seirbhísí agus allmhairí gan CBL arna sonrasc a áireamh;

(b) déantar ceannacháin earraí agus ceannacháin seirbhísí a thairgeadh agus CBL neamh-asbhainteach san áireamh. Déantar CBL a thairgeadh mar chostas ceannaitheoirí, agus ní mar chostas díoltóirí, agus ansin mar chostas na gceannaitheoirí sin amháin nach féidir leo é a asbhaint. Déantar an chuid is mó den CBL a thairgeadh sa chóras mar cháin a íoctar ar úsáidí críochnaitheacha, ar thomhaltas na dteaghlach go príomha.

I gcás an gheilleagair iomláin, is ionann CBL agus an difríocht idir an t-iomlán CBL arna sonrasc agus an t-iomlán CBL asbhainteach (féach mír 4.27).

Cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh (D.212)

4.18 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh (D.212) íocaíochtaí éigeantacha arna dtobhach ag an rialtas ginearálta nó ag institiúidí an Aontais Eorpaigh ar earraí allmhairithe, gan CBL a áireamh, chun iad a scaoileadh isteach chun saorchúrsaíochta ar an gcríoch eacnamaíoch, agus ar sheirbhísí a sholáthraíonn aonaid neamhchónaitheacha d'aonaid chónaitheacha.

Airítear sna híocaíochtaí éigeantacha sin:

- (a) dleachtanna ar allmhairí (D.2121): Is éard atá i gceist leis seo dleachtanna custaim, nó muirir eile ar allmhairí, atá le híoc de réir na dtaraifí custaim ar earraí de chineál ar leith nuair a thagann siad isteach i gcríoch eacnamaíoch na tíre ina n-úsáidfead iad;
- (b) cánacha ar allmhairí, gan CBL agus dleachtanna ar allmhairí a áireamh (D.2122).

Áirítear sa cheannteideal seo:

- (1) tobhaigh ar tháirgí talmhaíochta allmhairithe;
- (2) suimeanna cúiteacha airgid arna dtobhach ar allmhairí;
- (3) dleachtanna máil agus cánacha speisialta ar tháirgí allmhairithe áirithe, ar an gcoinníoll go n-íocann an brainse táirgeoirí féin na dleachtanna agus na cánacha ar tháirgí comhchosúla de bhunús intíre;
- (4) cánacha ginearálta ar dhíolacháin iníoctha ar allmhairí earraí agus ar allmhairí seirbhísí;
- (5) cánacha ar sheirbhísí sonracha arna soláthar ag gnóthais neamhchónaitheacha d'aonaid chónaitheacha laistigh den chríoch eacnamaíoch;
- (6) brabús a dhéanann gnóthais phoiblí a bhfuil monaplacht acu ar allmhairí earraí nó ar allmhairí seirbhísí áirithe, agus a aistrítear chuig an stát.

Chun cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh a ríomh i bhfoirm ghlan, asbhaintear fóirdheontais ar allmhairí (D.311) ó chánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh (D.212).

Cánacha ar tháirgí, ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí (D.214)

4.19 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcánacha ar tháirgí ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí (D.214) cánacha ar earraí agus ar sheirbhísí atá iníoctha mar thoradh ar tháirgeadh, onnmhairiú, díol, aistriú, léasú nó seachadadh na n-earraí nó na seirbhísí sin, nó mar thoradh ar a n-úsáid chun críoch tomhaltais dhílis nó chun críoch foirmiú caipitil dhílis.

4.20 Áirítear sa cheannteideal seo, go háirithe:

- (a) dleachtanna máil agus cánacha ar thomhaltas (seachas na cinn sin a áirítear i gcánacha agus dleachtanna ar allmhairí);
- (b) dleachtanna stampa ar dhíol táirgí sonracha, amháil deochanna meisciúla nó tobac, agus ar dhoiciméid dlí nó seiceanna;
- (c) cánacha ar idirbhearta airgeadais agus ar idirbhearta caipitil, iníoctha ar cheannach nó ar dhíol sócmhainní neamhairgeadais nó sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear airgeadraí. Bíonn siad le híoc nuair a athraítear úinéireacht talún nó úinéireacht sócmhainní eile, ach amháin de dhroim aistrithe caipitil (oidhreachtáí agus bronntanais go príomha). Láimhseáiltear iad mar chánacha ar sheirbhísí idirghabhálaithe;
- (d) cánacha ar chhlárú gluaisteán;
- (e) cánacha ar shiamsaíocht;
- (f) cánacha ar chrannchuir, ar chearrbhachas agus ar ghealltóireacht, seachas cánacha ar bhuanach;
- (g) cánacha ar phréimheanna árachais;
- (h) cánacha eile ar sheirbhísí sonracha: óstáin nó lóistín, seirbhísí tithíochta, bialanna, iompar, cumarsáid, fógraíocht;

- (i) cánacha ginearálta ar dhíolacháin nó ar láimhdeachas (gan cánacha de chineál CBL a áireamh) lena n-áirítear cánacha mórdhíola agus miondhíola ar mhonaróirí, cánacha ar cheannach, cánacha ar láimhdeachas;
- (j) brabúis monaplachtaí fíoscacha arna n-aistriú chuig an stát, ach amháin iad sin a bhfuil monaplacht acu ar allmhairí earraí nó ar allmhairí seirbhísí áirithe (ar áireamh in D.2122). Is éard atá i gceist le monaplachtaí fíoscacha gnóthais phoiblí ar deonaíodh monaplacht orthu de réir an dlí ar tháirgeadh nó ar dháileadh earra nó seirbhíse de chineál ar leith chun ioncam a chruinniú seachas chun leas a dhéanamh do bheartas eacnamaíoch nó sóisialta an phobail. Nuair a dheonaítear cumhachtaí monaplachta ar ghnóthas poiblí mar bheartas toiliúil eacnamaíoch nó sóisialta i ngeall ar chineál speisialta an earra nó na seirbhíse nó theicneolaíocht an táirgthe — mar shampla, fónais phoiblí, oifigí poist agus teileachumarsáid, iarnróid agus mar sin de — ní mheastar gur monaplacht fhioscach é;
- (k) dleachtanna ar onnmhairí agus suimeanna cúiteacha airgid arna mbailiú ar onnmhairí.

4.21 Chun glanchánacha ar tháirgí a ríomh, asbhaintear fóirdheontais ar tháirgí (D.31) ó chánacha ar tháirgí (D.21).

Cánacha eile ar tháirgeadh (D.29)

4.22 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcánacha eile ar tháirgeadh (D.29) na cánacha uile a thabhaíonn gnóthais mar thoradh ar a bheith i mbun táirgthe, is cuma faoi chainníocht nó luach na n-earraí agus na seirbhísí arna dtáirgeadh nó arna ndíol.

Féadfaidh cánacha eile ar tháirgeadh a bheith iníoctha i leith na talún, na sócmhainní seasta nó an tsaothair a úsáidtear i bpróiseas an táirgthe nó i leith gníomhaíochtaí nó idirbheart áirithe.

4.23 Áirítear an méid seo a leanas i gcánacha eile ar tháirgeadh (D.29):

- (a) cánacha ar úinéireacht nó ar úsáid talún, foirgneamh, nó struchtúr eile a úsáideann gnóthais i rith táirgthe (lena n-áirítear úinéir-áititheoirí teaghaisí);
- (b) cánacha ar úsáid sócmhainní seasta (mar shampla feithiclí, innealra agus trealamh) chun críocha táirgthe, is cuma cé acu faoi úinéireacht nó ar cíos atá siad;
- (c) cánacha ar an mbille pá iomlán agus ar an bpárolla;
- (d) cánacha ar idirbhearta idirnáisiúnta (mar shampla taisteal ar an gcoigríoch, seoltáin eachtracha, nó idirbhearta dá samhail le neamhchónaithe) chun críocha táirgthe;
- (e) cánacha a íocann gnóthais as ceadúnais ghnó agus ceadúnais ghairme, má dheonaítear na ceadúnais sin go huathoibríoch nuair a íoctar na suimeanna atá dlite. Sa chás sin is dócha nach bhfuil iontu ach bealach le hioncam a ghnóthú, cé go mb'fhéidir go dtabharfaidh an rialtas deimhniú nó údarú mar mhalairt air. Mar sin féin, má úsáideann an rialtas ceist na gceadúnas ar mhaithe le feidhm cheart rialála éigin, mar shampla seiceálacha a dhéanamh ar oiriúnacht nó ar shábháilteacht na n-áitreabh gnó, ar iontaofacht nó ar shábháilteacht an trealamh a úsáidtear, ar inniúlacht ghairmiúil na foirne atá fostaithe, nó ar cháilíocht agus ar chaighdeán na n-earraí nó na seirbhísí a tháirgtear mar choinníoll faoina ndeonaítear ceadúnas dá leithéid, láimhseáiltear na híocaíochtaí mar cheannach seirbhísí arna soláthar, ach amháin má tá na suimeanna a mhuirearaítear as na ceadúnais as compás le costais na seiceálacha a dhéanann an rialtas;
- (f) cánacha ar thruaillí de dheasca gníomhaíochtaí táirgthe. Is éard atá i gceist leo sin cánacha arna dtobhach ar astú nó ar scaoileadh gás díobhálach, leachtanna díobhálacha nó substaintí dochracha eile isteach sa chomhshaol. Níl ar áireamh iontu íocaíochtaí a dhéantar i gcomhair bailiú agus diúscairt dramhaíola nó substaintí dochracha ag údaráis phoiblí, arb ionann an méid sin agus tomhaltas idirmheánach gnóthais;
- (g) tearc-chúiteamh CBL i ngeall ar an gcóras cothromráta, rud atá coitianta go maith in earnáil na talmhaíochta.

4.24 Ní áirítear i gcánacha eile ar tháirgeadh cánacha ar úsáid phearsanta feithiclí etc. ag teaghligh, cánacha a thairfeadtar faoi chánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc.

Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí a íoctar le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

4.25 Áirítear sna cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí a íoctar le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh na cánacha seo a leanas a bhailíonn na rialtais náisiúnta thar ceann institiúidí an Aontais Eorpaigh: fáltais ón gcomhbheartas talmhaíochta; tobhaigh ar tháirgí talmhaíochta allmhairithe, suimeanna cúiteacha airgid arna dtobhach ar onnmhairí agus ar allmhairí, tobhaigh ar tháirgeadh siúcra agus an cháin ar iseaglúcós, cánacha comhfhreagrachta ar bhainne agus ar ghránaigh; fáltais ó thrádáil le tríú tíortha; dleachtanna custaim arna dtobhach ar bhonn Tharaif Chomhtháite na gComhphobal Eorpach (TARIC).

Níl ar áireamh sna cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí a íoctar le hinstiúidí an Aontais Eorpaigh an tríú hacmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL, rud atá ar áireamh in aistrithe reatha eile faoin gceannteideal “acmhainní dílse an AE atá bunaithe ar CBL agus OIN” (D.76) (féach mír 4.140).

Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí: tráth taifeadta agus na suimeanna atá le taifeadadh

- 4.26 Taifeadadh cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí: déantar cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí a thaifeadadh nuair atá na gníomhaíochtaí, na hidirbhearta nó na teagmhais eile ann a chruthaíonn na dliteanais chun cánacha a íoc.
- 4.27 Mar sin féin, tá roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha, idirbhearta eacnamaíocha agus teagmhais eacnamaíocha ann, as a dtagann oibleagáid cánacha a íoc, nach dtugann na húdaráis chánacha faoi deara. Ní thagann sócmhainní airgeadais ná dliteanais i bhfoirm iníochta nó infhála as gníomhaíochtaí, idirbhearta ná teagmhais dá leithéid. Ní thaifeadtar ach na méideanna atá fianaithe le measúnaithe cánacha, dearbhuithe, nó le hionstraimí eile a chruthaíonn dliteanais i bhfoirm oibleagáide íocaíochta a bheith ar cháiníocóirí. Ní dhéantar leitháireamh i gcás cánacha nach bhfuil fianaithe le measúnuithe cánacha.

As dhá fhoinse a thagann na cánacha a thaifeadtar sna cuntais: suimeanna atá fianaithe le measúnuithe agus dearbhuithe nó le fáltais airgid.

- (a) Má úsáidtear measúnuithe agus dearbhuithe, déantar na suimeanna a choigeartú le comhéifeacht a léireoidh suimeanna measúnaithe agus suimeanna dearbhaithe nár bailíodh riamh. Rogha eile is ea aistriú caipítíl (D.995) mar a thuairiscítear i bpointe (j) de mhír 4.165 chuig na hearnálacha ábhartha dar luach arb ionann é agus an coigeartú sin a thaifeadadh. Déantar meastachán ar na comhéifeachtaí ar bhonn taithí a fuarthas cheana agus an ionchais reatha i leith suimeanna measúnaithe agus suimeanna dearbhaithe nár bailíodh riamh. Bainfidh siad go sonrach le cineálacha éagsúla cánacha.
- (b) Má úsáidtear fáltais airgid, déantar iad a choigeartú de réir ama ionas go luaitear an t-airgead tirim leis an uair a rinneadh an ghníomhaíocht as ar eascair an dliteanas cánach. Bunaítear an coigeartú sin ar an meándifríocht ama idir an ghníomhaíocht agus an fáltas ó cháin.
- 4.28 Áirítear i luach iomlán na gcánacha a thaifeadtar ús a mhuirearaítear ar riaráistí cánacha dlite agus fineálacha a fhorchuireann údaráis chánacha nuair nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir an t-ús agus na fineálacha sin. Áirítear i luach iomlán na gcánacha muirir a fhorchuirtear i ndáil le bailiú nó aisghabháil cánacha atá gan íoc. Laghdaítear an luach iomlán le suim aon lacáistí cánach a dhéanann an rialtas ginearálta mar bheartas eacnamaíoch agus aon aisíocaíochtaí cánach a dhéantar mar gheall ar íocaíochtaí iomarcacha.
- 4.29 I gcóras na gcuntas, taifeadtar cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (D.2) mar seo a leanas:
- (a) ar thaobh na n-úsáidí, i gcuntas giniúna ioncaim an gheilleagair iomláin;
- (b) ar thaobh na n-acmhainní, i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha earnáil an rialtais ghinearálta agus sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

Déantar cánacha ar tháirgí a thaifeadadh faoi acmhainní i gcuntas earraí agus seirbhísí an gheilleagair iomláin. Ar an dóigh sin, is féidir acmhainní earraí agus acmhainní seirbhísí — nithe a luacháiltear gan cánacha ar tháirgí a áireamh — a chomhardú leis na húsáidí, nithe a luacháiltear agus na cánacha a leithéid san áireamh.

Taifeadtar cánacha eile ar tháirgeadh (D.29) faoi “úsáidí” i gcuntais giniúna ioncaim na dtionscal nó na n-earnálacha a íocann iad.

FÓIRDHEONTAIS (D.3)

- 4.30 *Sainmhíniú*: is éard atá i bhfóirdheontais (D.3) íocaíochtaí reatha gan chontraphárteanna a dhéanann an rialtas ginearálta nó instiúidí an Aontais Eorpaigh le táirgeoirí cónaitheacha.

Seo a leanas samplaí de chuspóirí a d'fhéadfadh a bheith le fóirdheontais a thabhairt:

- (a) tionchar a imirt ar leibhéil táirgthe;
- (b) tionchar a imirt ar phraghsanna táirgí; nó
- (c) tionchar a imirt ar luach saothair fhachtóirí an táirgthe.

Ní féidir le táirgeoirí neamh-mhargaidh *fóirdheontais eile ar tháirgeadh* a fháil ach amháin má bhraitheann na híocaíochtaí sin ar rialacháin ghinearálta is infheidhme maidir le táirgeoirí margaidh agus táirgeoirí neamh-mhargaidh.

Ní dhéantar fóirdheontais ar tháirgí a thaifeadadh in aschur neamh-mhargaidh (P.13).

- 4.31 Ní chumhdaíonn fóirdheontais a dheonaíonn institiúidí an Aontais Eorpaigh ach aistrithe reatha a dhéanann siad go díreach le haonaid táirgthe chónaitheacha.
- 4.32 Aicmítear fóirdheontais mar seo a leanas:
- (a) fóirdheontais ar tháirgí (D.31):
- (1) fóirdheontais ar allmhairí (D.311);
- (2) fóirdheontais eile ar tháirgí (D.319);
- (b) fóirdheontais eile ar tháirgeadh (D.39).

Fóirdheontais ar tháirgí (D.31)

- 4.33 *Sainmhíniú*: is éard atá i bhfóirdheontais ar tháirgí (D.31) fóirdheontais is iníoctha in aghaidh an aonaid ar earra nó ar sheirbhís éigin arna t(h)áirgeadh nó arna (h)allmhairiú.

Is féidir méid na bhfóirdheontas ar tháirgí a shonrú ar na bealaí seo a leanas:

- (a) suim shonrach airgid in aghaidh aonad cainníochta an earra nó na seirbhíse;
- (b) céatadán sonraithe den phraghas in aghaidh an aonaid;
- (c) an difear idir spriocphraghas sonraithe agus praghas an mhargaidh a d'foc ceannaitheoir.

Is gnách go mbíonn fóirdheontas ar tháirge iníoctha nuair a tháirgtear, nuair a dhíoltar nó nuair a allmhairítear é agus féadfaidh sé a bheith iníoctha in imthosca eile freisin, e.g. nuair a aistrítear, nuair a léasaítear nó nuair a sheachadtar é chun críche tomhaltais dhílis nó chun críche foirmiú caipitil dhílis.

Ní bhaineann fóirdheontais ar tháirgí ach le haschur margaidh (P.11) nó le haschur chun críche úsáide críoch-naithí dílse (P.12).

Fóirdheontais ar allmhairí (D.311)

- 4.34 *Sainmhíniú*: is éard atá i bhfóirdheontais ar allmhairí (D.311) fóirdheontais ar earraí agus ar sheirbhísí a bhíonn iníoctha nuair a thrasnaíonn na hearraí an teorainn lena n-úsáid sa chríoch eacnamaíoch nó nuair a sheachadtar na seirbhísí go haonaid institiúideacha chónaitheacha.

Féadfaidh a bheith ar áireamh i bhfóirdheontais ar allmhairí cailteanais arna dtabhú mar bheartas toiliúil rialtais ag eagraíochtaí trádála rialtais a bhfuil sé d'fheidhm acu táirgí a cheannach ó neamhchónaitheigh agus iad a dhíol ar aghaidh le cónaitheigh ar phraghsanna níos ísle.

Fóirdheontais eile ar tháirgí (D.319)

- 4.35 Áirítear an méid seo a leanas i bhfóirdheontais eile ar tháirgí (D.319):
- (a) fóirdheontais ar tháirgí a úsáidtear sa chríoch baile: is éard atá i gceist leo sin, fóirdheontais is iníoctha le táirgeoirí cónaitheacha i leith a dtáirgeachta a úsáidtear nó a thomhlaítear laistigh den chríoch eacnamaíoch;
- (b) cailteanais eagraíochtaí trádála rialtais a bhfuil sé d'fheidhm acu táirgí táirgeoirí cónaitheacha a cheannach agus iad a dhíol ar aghaidh le cónaitheigh nó neamhchónaitheigh ar phraghsanna níos ísle, nuair a thabhaítear iad mar bheartas toiliúil eacnamaíoch nó sóisialta rialtais;
- (c) fóirdheontais do chorparáidí agus do shamhailchorparáidí chun cailteanais leanúnacha a chúiteamh, cailteanais a thabhaíonn siad ar a ngníomhaíochtaí táirgthe mar thoradh ar phraghsanna atá níos ísle ná a meánchostais táirgthe a ghearradh mar bheartas toiliúil eacnamaíoch nó sóisialta rialtais nó Eorpach;
- (d) fóirdheontais dhíreacha ar onnmhairí atá iníoctha go díreach le táirgeoirí cónaitheacha nuair a fhágann na hearraí an chríoch eacnamaíoch nó nuair a sholáthraítear na seirbhísí do neamhchónaitheigh — ach amháin cánacha ar tháirgí a íocadh roimh ré arna n-aisiúc ag an teorainn custaim agus tarscaoileadh cánacha a bheadh dlite dá mbeadh na hearraí le díol nó le húsáid laistigh den chríoch eacnamaíoch.

Fóirdheontais eile ar tháirgeadh (D.39)

4.36 *Sainmhíniú*: is éard atá i bhfóirdheontais eile ar tháirgeadh (D.39) fóirdheontais, ach amháin fóirdheontais ar tháirgí, a fhéadfaidh aonaid táirgthe chónaitheacha a fháil de thoradh táirgeadh a bheith ar siúl acu.

I gcás a gcuid aschuir neamh-mhargaidh, ní féidir le táirgeoirí neamh-mhargaidh fóirdheontais eile ar tháirgeadh a fháil ach amháin má bhraitheann na híocaíochtaí sin ón rialtas ginearálta ar rialacháin ghinearálta is infheidhme maidir le táirgeoirí margaidh agus le táirgeoirí neamh-mhargaidh freisin.

4.37 Áirítear an méid seo a leanas i bhfóirdheontais eile ar tháirgeadh (D.39):

- (a) fóirdheontais ar an bpárolla nó ar an bhfórsa saothair: i.e. fóirdheontais is infíochta ar bhille pá iomlán nó ar an mbille tuarastail iomlán, nó ar an bhfórsa saothair iomlán nó ar fhostú cineálacha áirithe daoine amhail daoine faoi mhíchumas coirp nó daoine a bhí dífhostaithe ar feadh tréimhsí fada, nó ar chostais scéimeanna oiliúna arna n-eagrú nó arna maoiniú ag gnóthais;
- (b) fóirdheontais chun truailliú a laghdú: is éard atá i gceist leo seo, fóirdheontais reatha lena mbeartaítear go gcumhdófar roinnt de na costais, nó na costais ar fad, a bhaineann le próiseáil bhreise a dhéantar chun scaoileadh truailléan isteach sa chomhshaol a laghdú nó a dhíothú;
- (c) deontais faoisimh i leith úis a thugtar d'aonaid táirgthe cónaitheacha, fiú má tá sé beartaithe leo foirmiú caipitil a spreagadh. Nuair atá dhá chuspóir i gceist le deontas, mar atá amúchadh an fhéich a mhaoiniú agus an t-ús air a íoc, agus nuair nach féidir é a chionroinnt ar an dá eilimint, déantar an deontas iomlán a láimhseáil mar dheontas infheistíochta. Is éard atá i ndeontais faoisimh i leith úis, aistrithe reatha a ceapadh chun costais oibriúcháin a laghdú ar tháirgeoirí. Láimhseáiltear sna cuntais iad mar fhóirdheontais do na táirgeoirí a bhaineann leas astu, fiú nuair a íocann an rialtas an difríocht san ús go díreach leis an institiúid creidmheasa a thugann an iasacht;
- (d) cúiteamh iomarcach CBL i ngeall ar an gcóras cothromráta, rud a dhéantar go minic in earnáil na talmhaíochta.

4.38 Ní láimhseáiltear an méid seo a leanas mar fhóirdheontais (D.3):

- (a) aistrithe reatha ón rialtas ginearálta chuig teaghlaigh ina gcáil mar thomhaltóirí. Láimhseáiltear iad mar shochair shóisialta (D.62 nó D.63) nó mar aistrithe reatha ilghnéitheacha (D.75);
- (b) aistrithe reatha idir codanna éagsúla den rialtas ginearálta ina gcáil mar tháirgeoirí táirgí agus seirbhísí neamh-mhargaidh, ach amháin *fóirdheontais eile ar tháirgeadh* (D.39). Léirítear aistrithe reatha faoin gceannnteideal aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta (D.73);
- (c) deontais infheistíochta (D.92);
- (d) íocaíochtaí neamhghnácha isteach i gcistí árachais shóisialta, a mhéad is a ceapadh íocaíochtaí den sórt sin chun cúlchistí achtúireacha na gcistí sin a mhéadú. Léirítear íocaíochtaí dá leithéidí faoin gceannnteideal aistrithe caipitil eile (D.99);
- (e) aistrithe a chuireann an rialtas ginearálta chuig corparáidí neamhairgeadais agus samhailchorparáidí neamhairgeadais chun cailteanais a carnadh thar roinnt blianta airgeadais a chumhdach, nó chun cailteanais eisceachtúla i ngeall ar thosca nach bhfuil smacht ag an ngnóthas orthu a chumhdach, a thaifeadtar mar aistrithe caipitil eile (D.99);
- (f) cealú na bhfiach arna dtabhú ag aonaid táirgthe i leith an rialtais (mar shampla, mar gheall ar airleacain a thug gníomhaireacht rialtais do ghnóthas neamhairgeadais ag a bhfuil cailteanais trádála carntha thar roinnt blianta airgeadais). Is mar aistrithe caipitil eile (D.99) a láimhseáiltear idirbhearta den sórt sin sna cuntais;
- (g) íocaíochtaí a dhéanann an rialtas ginearálta nó an chuid eile den domhan as damáiste d'earraí caipitil nó as cailteanais earraí caipitil mar thoradh ar ghníomhartha cogaidh, imeachtaí polaitiúla eile nó tubaistí nádúrtha. Thaifeadtar mar aistrithe caipitil eile (D.99) iad;
- (h) scaireanna agus gnáthscaireanna eile a cheannaigh an rialtas ginearálta i ngnóthais chorparáideacha, agus a thaifeadtar faoin gceannnteideal cothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta (AF.5);
- (i) íocaíochtaí a dhéanann gníomhaireacht de chuid an rialtais ghinearálta a bhfuil freagracht glactha chuici féin as muirir pinsin neamhghnácha a dhéanann difear do ghnóthas poiblí. Mar aistrithe reatha ilghnéitheacha (D.75) a thaifeadtar na híocaíochtaí sin;

- (j) íocaíochtaí a dhéanann an rialtas ginearálta le táirgeoirí margaidh d'fhonn íoc, go hiomlán nó i bpáirt, as earraí agus seirbhísí a sholáthraíonn na táirgeoirí margaidh sin, go díreach agus ar bhonn aonraic, do theaghlach i gcomhthéacs rioscaí sóisialta agus riachtanas sóisialta (féach mír 4.84), agus atá de cheart ag na teaghlach sin. Áirítear na híocaíochtaí sin i gcaiteachas an rialtais ghinearálta ar thomhaltas aonair (P.31) agus ina dhiaidh sin in aistriú sóisialta comhchineáil — táirgeadh chun críoch margaidh arna cheannach ag an rialtas agus ag INBFTanna (D.632) agus tomhaltas aonair iarbhir na dteaghlach (P.41).
- 4.39 Tráth taifeadta: Déantar fóirdheontais (D.3) a thaifeadadh tráth a tharlaíonn an t-idirbheart nó an teagmhas (táirgeadh, díol, allmhairí, etc.) is cúis leis an bhfóirdheontas.
- Seo a leanas roinnt samplaí sonracha:
- (a) déantar fóirdheontais arb ionann iad agus an difríocht idir an praghas ceannaigh agus an praghas díola arna mhúirearú ag gníomhaireacht trádála rialtais a thaifeadadh tráth a cheannaíonn an gníomhaireacht na hearraí;
- (b) déantar fóirdheontais lena mbeartaítear cailteanas arna thabhtú ag táirgeoir a chumhdach a thaifeadadh an tráth a chinneann an gníomhaireacht de chuid an rialtais láir an cailteanas a chumhdach.
- 4.40 Taifeadtar fóirdheontas (D.3) mar:
- (a) úsáidí diúltacha i gcuntas giniúna ioncaim an gheilleagair iomláin;
- (b) acmhainní diúltacha i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha earnáil an rialtais ghinearálta agus sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistriúthe reatha.

Déantar fóirdheontais ar tháirgí a thaifeadadh mar acmhainní diúltacha i gcuntas earraí agus seirbhísí an gheilleagair iomláin.

Taifeadtar fóirdheontais eile ar tháirgeadh (D.39) mar acmhainní i gcuntas giniúna ioncaim na dtionscal nó na n-earnálacha a fhaigheann iad.

Is iad seo a leanas iarmhairtí córais ilrásaí mhalaírte ar chánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí agus ar fhóirdheontais: níl ilrásaí malaírte infheidhme faoi láthair sna Ballstáit. I gcóras dá leithéid:

- (a) déantar cánacha intuigthe ar allmhairí a láimhseáil mar chánacha ar allmhairí, gan CBL agus dleachtanna ar allmhairí a áireamh (D.2122);
- (b) déantar cánacha intuigthe ar onnmhairí a láimhseáil mar chánacha ar tháirgí, ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí (D.214);
- (c) déantar fóirdheontais intuigthe ar allmhairí a láimhseáil mar fhóirdheontais ar allmhairí (D.311);
- (d) déantar fóirdheontais intuigthe ar onnmhairí a láimhseáil mar fhóirdheontais eile ar tháirgí (D.319).

IONCAM Ó MHAOIN (D.4)

- 4.41 *Sainmhíniú:* fabhraíonn ioncam ó mhaoin (D.4) nuair a chuireann úinéirí sócmhainní airgeadais agus acmhainní nádúrtha ar fáil d'aonaid institiúideacha eile. "Ioncam ó infheistíocht" a thugtar ar an ioncam iníoctha as sócmhainní airgeadais a úsáid agus "cíós" a thugtar ar an ioncam iníoctha as acmhainn nádúrtha a úsáid. Suim an ioncaim ó infheistíocht agus ó chíos atá in ioncam ó mhaoin.

Mar seo a leanas a aicmítear ioncaim ó mhaoin:

- (a) ús (D.41);
- (b) ioncam dáilte corparáidí (D.42):
- (1) díbhinní (D.421);
- (2) aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí (D.422);
- (c) tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach (D.43);
- (d) ioncam eile ó infheistíocht (D.44):
- (1) ioncam ó mhaoin atá curtha i leith sealbhóirí polasaí árachais (D.441);

(2) ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean (D.442);

(3) ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhinfeistíochta (D.443);

(e) cíosanna (D.45).

Ús (D.41)

4.42 *Saimhíniú*: is éard atá in ús (D.41) ioncam ó mhaoin infhála ag úinéirí na n-acmhainní airgeadais chun é a chur ar láimh aonaid institiúidigh eile. Tá feidhm aige maidir leis na hacmhainní airgeadais seo a leanas:

(a) taiscí (AF.2);

(b) urrúis fiachais (AF.3);

(c) iasachtaí (AF.4);

(d) cuntais eile infhála (AF.8).

Is mar ús a láimhseáiltear ioncam ó shealúchais agus leithdháiltí a bhaineann le CTSanna agus ioncam ó chuntais óir neamh-leithdháilte. Is iad na héilimh atá ag creidiúnaithe ar fhéichiúnaithe na sócmhainní airgeadais as a dtagann ús. Tugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe agus cruthaítear ceann de na hionstraimí airgeadais atá liostaithe thuas dá bharr.

Ús ar thaiscí agus ar iasachtaí

4.43 Áirítear sna suimeanna úis ar iasachtaí agus ar thaiscí atá iníoctha le hinstiúidí airgeadais agus infhála uathu coigeartú i leith éarlaise atá in ionannas le híocaíocht intuigthe as na seirbhísí arna soláthar ag na hinstiúidí airgeadais ó thaobh iasachtaí a sholáthar agus glacadh le taiscí. Roinntear an íocaíocht nó an admháil ina dá chuid, i.e. an chuid a bhaineann le seirbhís agus an chuid eile a bhaineann le coincheap an úis sna cuntais náisiúnta. Ní mór na híocaíochtaí nó na hadmhálacha a fhaigheann nó a thugann na hinstiúidí airgeadais, nithe ar a dtugtar ús bainc, a dheighilt ionas go bhféadfar coincheap an úis sna cuntais náisiúnta agus na costais seirbhíse a thaifeadh ar leithligh. Is é luachanna measta na muirear iníoctha an difear diúltach idir na méideanna úis sna cuntais náisiúnta arna n-íoc ag iasachtaithe le hinstiúidí airgeadais agus ús bainc, agus is é méid an mhuirir sheirbhíse iníoctha an difear dearfach idir ús infhála ag taisceoirí sna cuntais náisiúnta agus ús bainc. Is mar dhíolacháin seirbhísí a thaifeadtar luachanna na muirear i gcuntais táirgeachta na n-institiúidí airgeadais agus is mar úsáidí a thaifeadtar iad i gcuntais a gcustaiméirí.

Ús ar urrúis fiachais

4.44 Is éard atá in ús ar urrúis fiachais ús ar bhillí agus ar ionstraimí gearrthéarmacha dá samhail agus ús ar bhannaí agus ar bhintíúir.

Ús ar bhillí agus ar ionstraimí gearrthéarmacha dá samhail

4.45 Is é an difríocht idir an t-aghaidhluach agus an praghas a íoctar nuair a eisítear an ionstraim (i.e. an lascaine) an t-ús is iníoctha le linn shaolré an bhille a thomhas. Níl gnóthachan sealúchais i gceist leis an méadú ar luach bille i ngeall ar charnadh úis fhabhráithe ós rud é gur méadú ar an bpríomhshuim gan íoc is cúis leis seachas athrú ar phraghas na sócmhainne. Déantar athruithe eile ar luach an bhille a láimhseáil mar ghnóthachain sealúchais/caillteanais sealúchais.

Ús ar bhannaí agus ar bhintíúir

4.46 Is éard is bannaí agus bintíúir ann urrúis fhadtéarmacha a thugann an ceart neamhchoinníollach don sealbhóir ioncam airgid seasta, nó ioncam airgid inathraithe arna shocrú le conradh, a fháil i bhfoirm íocaíochtaí cúpóin, nó suim sheasta luaite ar dháta sonrath nó ar dhátaí sonracha nuair a fhuasclaítear an t-urrúis, nó an dá théarma seo.

(a) Bannaí cúpóin nialasaigh: níl aon íocaíochtaí cúpóin i gceist. Ní mór an t-ús a bhunaítear ar an difríocht idir an praghas fuascailte agus an praghas eisiúna a dháileadh thar na blianta go dtí aibíocht an bhanna. Déanann sealbhóir an bhanna an t-ús a fhabhraíonn gach bliain a athinfeistiú sa bhanna, agus dá bhrí sin déantar iontrálacha contrapháirte, cothrom le luach an úis fhabhráithe, a thaifeadh sa chuntas airgeadais mar éadail tuilleadh bannaí i leith an tsealbhóra agus mar eisiúint tuilleadh bannaí i leith an eisitheora nó an fhéichiúnaí (i.e. mar mhéadú ar "méid" an bhanna bhunaidh).

(b) Bannaí eile, lena n-áirítear bannaí mórlascaine. Tá dhá chuid san ús:

(1) suim an ioncaim airgid infhála ó íocaíochtaí cúpóin gach tréimhse;

(2) suim an úis a fhabhraíonn gach tréimhse atá inchurtha i leith na difríochta idir an praghas fuascailte agus an praghas eisiúna, agus a ríomhtar sa tslí chéanna le bannaí cúpóin nialasaigh.

(c) Urrúis treoirnaisc:

(1) tá suimeanna na n-íocaíochtaí cúpóin agus/nó an príomhshuim gan íoc nasctha le hinnéacs praghsanna ginearálta. Déantar an t-athrú ar luach na príomhshuime gan íoc, idir tús agus deireadh tréimhse áirithe cuntasáíochta i ngeall ar ghluaiseacht san innéacs ábhartha, a láimhseáil mar ús a fhabhraíonn i rith na tréimhse sin, sa bhreis ar aon ús dlite le híoc i rith na tréimhse sin;

(2) tá na méideanna atá le híoc nasctha le hinnéacs cúng ina n-áirítear spreagadh maidir le gnóthachain sealúchais. Tá fabhrúithe úis le cinneadh tríd an ráta fabhrúithe a shocrú tráth an eisiúna. Dá bhrí sin, is é atá san ús an difear idir an praghas eisiúna agus ionchas an mhargaidh, ag an tús, i gcás gach íocaíochta a mbeidh ar an bhféichiúnaí a dhéanamh; taifeadtar an méid sin mar ús a fhabhraíonn le linn shaolré na hionstraime. Sa chur chuige seo taifeadtar mar ioncam an toradh achtúireach tráth na heisiúna agus corpraítear torthaí an innéacsaithe a bhfuil súil leo tráth a cruthaíodh an ionstraim. Is é a bhíonn de thoradh ar an innéacs bunúsach imeacht ón mbealach a rabhtas ag súil leis, gnóthachain nó cailleanais nach gcealófar, de ghnáth, le linn shaolré na hionstraime.

Athinfeistítear san urrús an t-ús a fhabhraíonn mar thoradh ar an inneacsú, agus ní mór é a thaifeadadh i gcuntais airgeadais an tsealbhóra agus an eisitheora.

Babhtálacha ráta úis agus comhaontuithe ar réamhráta

4.47 Aon íocaíocht a thagann as aon chineál comhaontaithe babhtála, taifeadtar í mar idirbheart díorthach airgeadais sa chuntas airgeadais agus ní mar ús ó ioncam ó mhaoin. Déantar idirbhearta faoi chomhaontuithe ar réamhráta a thaifeadadh mar idirbhearta díorthach airgeadais sa chuntas airgeadais; ní thaifeadtar mar ioncam ó mhaoin iad.

Ús ar léasanna airgeadais

4.48 Is éard atá i léas airgeadais modh chun ceannach innealra agus trealamh, mar shampla, a mhaoiniú. Ceannaíonn an léasóir an trealamh agus conraíonn an léasaí cíosanna a íoc lena bhféadfaidh an léasóir, thar thréimhse an chonartha, a chostais ar fad, nó geall leis na costais ar fad, a aisghabháil, lena n-áirítear ús a lig sé uaidh i ngeall ar an airgead a chaith sé ar an trealamh.

Láimhseáiltear an léasóir faoi mar a thabharfadh sé iasacht don léasaí, cothrom le luach phraghas an cheannaitheora a íocadh ar an tsócmhainn, agus íoctar an iasacht le linn thréimhse an léasa. Dá bhrí sin, glactar leis go bhfuil dhá chomhpháirt ar áireamh sa chíos a íocann an léasaí i ngach tréimhse: aisíocaíocht i leith na príomhshuime agus íocaíocht i leith an úis. Déantar an ráta úis ar an iasacht bharúlach a chinneadh i bhfianaise an ghaoil idir an tsuim iomlán a íoctar i gcíosanna thar shaolré an léasa agus praghas an cheannaitheora ar an tsócmhainn. Laghdaíonn an chuid sin den íocaíocht cíosa atá in ionannas le cíos le linn shaolré an léasa agus an príomhshuim á haisíoc. Déantar an iasacht tosaigh a thóg léasaí, mar aon le haisíocaíochtaí na príomhshuime ina dhiaidh sin, a thaifeadadh i gcuntais airgeadais an léasóra agus an léasaí. Déantar na híocaíochtaí úis a thaifeadadh mar ús sna cuntais dáilte príomha ioncaim.

Ús eile

4.49 Tá an méid seo a leanas i gceist le hús eile:

(a) ús a mhuirearaítear ar rótharraingtí bainc;

(b) ús breise a íoctar ar shuimeanna a fhágtar i dtaisce níos faide ná mar a comhaontaíodh ag an tús; agus

(c) íocaíochtaí a chinntear trí chrannchur le sealbhóirí bannaí.

Tráth taifeadta

4.50 Déantar ús a thaifeadadh ar bhonn fabhrúithe, is é sin le rá, déantar ús a thaifeadadh mar a fhabhraíonn sé ar bhonn leanúnach ar an gcreidiúnaí ar shuim na príomhshuime gan íoc. Ní mór an t-ús a fhabhraíonn i rith gach tréimhse cuntasáíochta a thaifeadadh, cibé acu a íoctar nó nach n-íoctar é iarbhír nó a shuimítear é leis an bpríomhshuim gan íoc. Nuair nach n-íoctar é, taifeadtar an méadú ar an bpríomhshuim sa chuntas airgeadais mar shócmhainn airgeadais atá faighte ag an gcreidiúnaí agus mar dhliteanas den mhéid céanna atá faighte ag an bhféichiúnaí.

4.51 Déantar ús a thaifeadadh sula n-asbhaintear cánacha arna dtobhach air. Déantar ús a fhaightear agus a íoctar a thaifeadadh agus deontais faoisimh i leith úis san áireamh, cibé acu a íoctar nó nach n-íoctar na deontais sin go díreach le hinstitiúidí airgeadais nó le tairbhíthe (féach mír 4.37).

Agus luach na seirbhísí arna soláthar ag idirghabhálaithe airgeadais á leithdháileadh i measc custaiméirí éagsúla, coigeartaítear na hiocaíochtaí iarbhir úis nó na fáiltais úis le hidirghabhálaithe airgeadais nó uathu chun na corrlaigh a dhíothú, corrlaigh atá in ionannas le muirir intuigthe arna ndéanamh ag na hidirghabhálaithe airgeadais. Ní mór na suimeanna úis a íocann iasachtaithe le hidirghabhálaithe airgeadais a laghdú le luachanna measta na muirear is iníochta, agus a mhalairt sin ar fad, ní mór na suimeanna úis infhála ag taisceoirí a ardú. Déantar luachanna na muirear a láimhseáil mar íocaíochtaí as seirbhísí arna soláthar ag idirghabhálaithe airgeadais dá gcustaiméirí seachas mar íocaíochtaí úis.

4.52 Mar seo a leanas a thaifeadtar ús i gcóras na gcuntas:

- (a) faoi acmhainní agus faoi úsáidí i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na n-earnálacha;
- (b) faoi acmhainní agus faoi úsáidí i gcuntas ioncaim phríomha agus aistrithe reatha na coda eile den domhan.

Ioncam dáilte corparáidí (D.42)

Díbhinní (D.421)

4.53 *Sainmhíniú:* is éard atá i ndíbhinní (D.421) cineál ioncaim ó mhaoin a thugann teidlíocht d'úinéirí scaireanna (AF.5) ina leith trí bhíthin, mar shampla, cistí a chur ar fáil do chorparáidí.

Bealach chun cistí a fháil is ea caipiteal cothromais a chruinniú trí bhíthin scaireanna a eisiúint. Murab ionann is caipiteal as iasacht ní chruthaíonn caipiteal cothromais dlíteanas atá seasta i dtéarmaí airgeadaíochta agus ní thugann sé teidlíocht do na sealbhóirí a bhfuil scaireanna acu i gcorparáid ioncam seasta nó ioncam réamhdhearbhaithe a fháil. Is éard atá i gceist le díbhinní an brabús ar fad a dháileann corparáidí ar a scairshealbhóirí nó ar a n-úinéirí.

4.54 Tá an méid seo a leanas ar áireamh i ndíbhinní freisin:

- (a) scaireanna a eisítear do scairshealbhóirí mar íocaíocht na díbhinne don bhliain airgeadais. Ní áirítear eisiúintí scaireanna bónaís atá in ionannas le caipitliú cistí dílse i bhfoirm cúlchistí neamhdháilte agus brabús neamhdháilte ar scaireanna iad a chruthaíonn scaireanna nua a dháiltear ar na scairshealbhóirí i gcomhréir lena sealúchais;
- (b) an t-ioncam a íocann gnóthais phoiblí leis an rialtas ginearálta, gnóthais phoiblí atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleacha cé nach bhfuil siad comhdhéanta mar ghnóthais phoiblí corparáideacha go foirmiúil;
- (c) ioncaim a ghintear le gníomhaíochtaí neamhbhreathnaithe agus a aistrítear chuig úinéirí corparáidí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí den sórt sin dá n-úsáid phríobháideach féin.

4.55 Eisiatar sárdhíbhinní ó dhíbhinní (D.421).

Is éard atá i sárdhíbhinní díbhinní atá mór i gcoibhneas leis an leibhéal díbhinní agus tuillimh a bhí ann le tamall anuas. Úsáidtear coincheap an ioncaim indáilte d'fhonn a mheas an bhfuil na díbhinní mór nó nach bhfuil. Tá ioncam indáilte corparáide comhionann le hioncam fiontraíoch móide gach aistriú reatha infhála lúide gach aistriú reatha iníochta agus lúide an coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin. Úsáidtear an cóimheas idir díbhinní agus ioncam indáilte le tamall gairid anuas chun creatúlacht leibhéal reatha na ndíbhinní a mheas. Má tá barraíocht mhór sna díbhinní a dhearbhaítear, láimhseáiltear na díbhinní arb iad is cúis leis an mbarraíocht mar idirbhearta airgeadais agus aicmítear mar “sárdhíbhinní” iad. Láimhseáiltear sárdhíbhinní den sórt sin mar aistarraingt cothromais úinéirí ón gcorparáid (F.5). Is mar sin a láimhseáiltear corparáidí freisin, is cuma cé acu corparáidí corparaithe nó samhailchorparáidí iad agus cé acu faoi réir rialaithe phríobháidigh eachtraigh nó intíre atá siad.

4.56 I gcás corparáidí poiblí, is íocaíochtaí móra neamhriala iad sárdhíbhinní atá níos mó ná ioncam fiontraíoch na tréimhse cuntasaíochta ábhartha agus a mhaoinítear le cúlchistí carntha nó le díolacháin sócmhainní. Is mar aistarraingt cothromais (F.5) a dhéanfar sárdhíbhinní corparáidí poiblí a thaifeadadh agus beidh sé dar luach an difear idir na hiocaíochtaí agus ioncam fiontraíochta na tréimhse ábhartha cuntasaíochta (féach mír 20.206).

Tá tuairisc ar dhíbhinní eatramhacha i mír 20.207.

4.57 Tráth taifeadta: Cé go bhfuil díbhinní in ionannas le cuid d'ioncam a gineadh thar tréimhse, ní ar bhonn fabhráithe a thaifeadtar iad. Ar feadh tréimhse giorra tar éis do dhíbhinn a bheith dearbhaithe ach sula mbíonn sé iníochta, féadfar scaireanna a dhíol *ex dividend*, rud a chiallaíonn go bhfuil an díbhinn fós iníochta leis an úinéir ar an dáta ar dearbhaíodh an díbhinn seachas an dáta ar a bhfuil sé iníochta. Dá bhrí sin, is lú luach scaire a dhíoltar *ex dividend* ná luach scaire a dhíoltar gan an srian sin. Is é tráth taifeadta díbhinní an uair a thosaítear ar phraghas na scaire a lua ar bhonn *ex dividend* seachas an uair ina bhfuil an díbhinn fós ina cuid de phraghas na scaire.

Taifeadtar díbhinní mar:

- (a) úsáidí i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na n-earnálacha sin ina bhfuil na corparáidí aicmithe;
- (b) acmhainní i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na n-earnálacha sin ina bhfuil na scairsealbhóirí aicmithe;
- (c) acmhainní agus úsáidí i gcuntas ioncaim phríomha agus aistrithe reatha na coda eile den domhan.

Aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí (D.422)

- 4.58 *Sainmhíniú:* is éard atá in *aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí (D.422)* na suimeanna a aistarraingíonn fiontraithe chun a n-úsáide féin as an mbrabús arna thuilleamh ag na samhailchorparáidí atá ina seilbh.

Taifeadtar suimeanna den sórt sin sula n-asbhaintear cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc., agus meastar i gcónaí gurb iad úinéirí na ngnóthas a íocann iad.

Nuair a bhíonn brabús trádála ag samhailchorparáid, bíonn sé de rogha ag an aonad a bhfuil an tsamhailchorparáid sin ina sheilbh cuid den bhrabús nó an brabús ina iomláine a fhágáil sa ghnó, go háirithe chun críoch infheistíochta. Taispeántar an t-ioncam a fhágtar sa ghnó mar choigilt a rinne an tsamhailchorparáid, agus ní dhéantar ach an brabús a d'aistarraing na haonaid úinéirí a thaifeadadh sna cuntais faoin gceannteideal aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí.

- 4.59 Nuair a dhéanann oifigí brainse, gníomhaireachtaí, etc. de chuid gnóthas cónaitheach brabús sa chuid eile den domhan, taispeántar tuilleamh arna choimeád mar thuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach (D.43) a mhéad a láimhseáiltear na hoifigí brainse seo etc. mar aonaid neamhchónaitheacha. Ní dhéantar ach an t-ioncam arna aistriú chuig an máthairghnóthas a láimhseáil sna cuntais mar aistarraingtí ó ioncam samhailchorparáidí arna fháil ón gcuid eile den domhan. Cuirtear na príonsabail chéanna i bhfeidhm chun déileáil leis an gcaidreamh idir oifigí brainse, gníomhaireachtaí, etc. atá ag oibriú ar an gcríoch eacnamaíoch agus an máthairghnóthas neamhchónaitheach a bhfuil siad ina sheilbh.

- 4.60 Áirítear in aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí an glanbharrachas oibriúcháin a fhaigheann cónaitheigh i gcáil úinéirí talún agus úinéirí foirgneamh sa chuid eile den domhan, nó a fhaigheann neamhchónaitheigh i gcáil úinéirí talún nó úinéirí foirgneamh ar an gcríoch eacnamaíoch lena mbaineann. Maidir le hidirbhearta talún agus foirgneamh a dhéanann aonaid neamhchónaitheacha ar chríoch eacnamaíoch tíre, cruthaítear aonaid chónaitheacha bharúlacha ina bhfuil an cothromas faoi úinéireacht na n-úinéirí neamhchónaitheacha.

Déantar luach cíosa teaghaisí úinéir-áitithe ar an gcoigríoch a chlárú mar allmhairí seirbhísí agus déantar an glanbharrachas oibriúcháin comhfhreagrach a chlárú mar ioncam príomha arna fháil ón gcuid eile den domhan; déantar luach cíosa teaghaisí úinéir-áitithe atá i seilbh neamhchónaitheach a chlárú mar onnmhairí seirbhísí agus déantar an glanbharrachas oibriúcháin comhfhreagrach a chlárú mar ioncam príomha arna íoc leis an gcuid eile den domhan.

Áirítear in aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí ioncaim a ghineann gníomhaíochtaí neamhbhreathnaithe samhailchorparáidí agus a aistrítear chuig na húinéirí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí den sórt sin dá n-úsáid phríobháideach.

- 4.61 Ní áirítear in aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí suimeanna a fhaigheann a n-úinéirí ó:

- (a) dhíol earraí caipitil sheasta atá ar marthain;
- (b) dhíol talún agus sócmhainní eile neamhtháirgthe;
- (c) aistarraingtí cothromais.

Láimhseáiltear suimeanna den sórt sin mar aistarraingtí as cothromas sa chuntas airgeadais ós rud é gur geall iad le leachtú iomlán nó páirteach a gcothromais sa tsamhailchorparáid. Má tá an tsamhailchorparáid faoi úinéireacht an rialtais agus go bhfuil easnamh oibriúcháin mharthanaigh aici mar bheartas toiliúil eacnamaíoch nó sóisialta an rialtais, is mar fhóirdheontais a láimhseáiltear aon aistriú cistí a dhéanann an rialtas go rialta isteach sa ghnóthas chun a chuid cailteanas a chumhdach.

- 4.62 Tráth taifeada: déantar aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí a thaifeadadh tráth a dhéanann na húinéirí iad.

- 4.63 I gcóras na gcuntas, taispeántar aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí mar seo a leanas:

- (a) úsáidí i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na n-earnálacha sin ina bhfuil na samhailchorparáidí aicmithe;

- (b) acmhainní i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha eárnálacha na n-úinéirí;
- (c) úsáidí agus acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrihe reatha.

Tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach (D.43)

4.64 *Sainmhíniú:* tá tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach (D.43) cothrom le barrachas oibriúcháin ghnóthais infheistíochta díri eachtraí

móide aon ioncam ó mhaoín nó aistrihe reatha infhála

lúide aon ioncam ó mhaoín nó aistrihe reatha is infíochta, lena n-áirítear seoltáin iarbhir chuig infheisteoirí díreacha eachtracha agus aon chánacha reatha is infíochta ar ioncam, ar rachmas, etc. an ghnóthais infheistíochta díri eachtraí.

4.65 Is éard atá i ghnóthas infheistíochta díri eachtraí gnóthas corpraithe nó gnóthas neamhchorpraithe a bhfuil 10 % nó níos mó de na gnáthscaireanna nó den chumhacht vótála (i gcás gnóthais chorpraithe) nó dá mhacasamhail (i gcás gnóthais neamhchorpraithe) faoi úinéireacht infheisteora a bhfuil buanchónaí air i ngeilleagar eile. Cuimsíonn gnóthais infheistíochta díri eachtraí na haonáin sin a shainnithnítear mar fhochuideachtaí, mar chuideachtaí comhlachtaithe agus mar bhraintí. I bhfochuideachta, bíonn níos mó ná 50 % faoi úinéireacht an infheisteora, i gcuideachta comhlachtaithe bíonn 50 % nó níos lú faoi úinéireacht an infheisteora, agus maidir le brainse, is éard atá ann gnóthas neamhchorpraithe faoi lánúinéireacht nó páirt-úinéireacht. Is féidir gaolmhaireacht na hinfeistíochta díri eachtraí a bheith díreach, nó indíreach nuair is slabhra úinéireachta is cúis léi. Is leithne an coincheap “gnóthais infheistíochta díri eachtraí” ná “corparáidí faoi rialú eachtrach”.

4.66 Is féidir dáiltí iarbhir a dhéanamh as an ioncam fiontraíoch atá ag gnóthais infheistíochta díri eachtraí i bhfoirm díbhinní nó aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí. Ina theannta sin, láimhseáiltear tuilleamh arna choimeád amhail is dá ndáilí é ar na hinfeisteoirí díreacha eachtracha agus dá n-aisíocfaí leo é i gcomhréir leis an gcothromas atá faoina n-úinéireacht sa ghnóthas agus dá n-athinfheisteofaí é ina dhiaidh sin trí bhithin breiseanna a chur leis an gcothromas sa chuntas airgeadais. Is féidir leis an tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach a bheith deimhneach nó díúltach.

4.67 Tráth taifeadta: déantar tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach a thaifeadadh tráth a thuillimh.

I gcóras na gcuntas, taifeadtar tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach mar seo a leanas:

- (a) úsáidí agus acmhainní i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na n-earnálacha;
- (b) úsáidí agus acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrihe reatha.

Ioncam eile ó infheistíocht (D.44)

Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais (D.441)

4.68 *Sainmhíniú:* freagraíonn an t-ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaí árachais d'iomlán an ioncaim phríomha arna fháil as cúlchistí teicniúla árachais a infheistiú. Is iad na cúlchistí atá i gceist iad sin a n-admhaíonn comhlacht árachais dliteanas comhfhreagrach a bheith acu maidir leo i leith na sealbhóirí polasaí.

Infheistiú gnóthais árachais na cúlchistí teicniúla árachais i sócmhainní airgeadais nó i dtalamh (as a bhfaightear glanioncam, i.e. i ndiaidh aon ús a íocadh a asbhaint) nó i bhfoirgnimh (as a n-eascaíonn glanbharrachas oibriúcháin).

Taifeadtar ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais ar leithligh agus roinntear é ar shealbhóirí polasaithe neamhshaoil agus sealbhóirí polasaithe saoil.

I gcás polasaithe neamhshaoil, tá dliteanas dar luach na nithe a leanas ag corparáid árachais i leith an tsealbhóra polasaí: suim na préimhe a taisceadh sa chorparáid ach atá gan tuilleamh; luach aon éileamh atá dlite ach atá gan íoc; agus cúlchiste le haghaidh éileamh nár cuireadh in iúl nó le haghaidh éileamh a cuireadh in iúl ach atá gan socrú. Tá cúlchistí teicniúla ag an gcomhlacht árachais i gcoinne an dliteanas sin. Láimhseáiltear an t-ioncam ó na cúlchistí sin mar ioncam atá inchurtha i leith na sealbhóirí polasaí, agus ina dhiaidh sin dáiltear é ar na sealbhóirí polasaí sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha agus aisíoctar é leis an gcorparáid árachais mar fhorlíonadh préimhe sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim.

I gcás aonaid institiúidigh a oibríonn scéim chaighdeánaithe ráthaíochta iasachtaí mar mhalairt ar tháillí, d'fhéadfadh sé go dtuillfeá ioncam ó infheistíocht as cúlchistí na scéime agus ní mór a thaispeáint gur dáileadh é ar na haonaid a íocann na táillí (d'fhéadfadh sé nárbh ionann na haonaid sin agus na haonaid a bhainfidh tairbhe as na ráthaíochtaí) agus láimhseáiltear é mar tháillí forlíontacha sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim.

I gcás polasaithe árachais agus bliantachtaí, tá dliteanas ag na corparáidí árachais i leith na sealbhóirí polasaithe agus na mbliantachtóirí atá cothrom le luach láithreach na n-éileamh ionchais. I gcoinne na ndlíteanas sin, tá cistí ag na corparáidí árachais ar leis na sealbhóirí polasaithe iad agus arb é atá iontu bónais a dearbhaíodh i leith polasaithe le brabús chomh maith le soláthairtí do shealbhóirí polasaithe agus do bhliantachtóirí lena n-íocfear bónais agus éilimh eile sa todhchaí. Infheistítear na cistí sin i raon sócmhainní airgeadais agus neamhairgeadais.

Déantar na bónais a dhearbhaítear i leith sealbhóirí polasaí saoil a thaifeadadh mar ioncam infheistíochta infhála ag na sealbhóirí polasaí agus láimhseáiltear iad mar fhlorlontaí préimhe arna n-íoc ag na sealbhóirí polasaí leis na corparáidí árachais.

An t-ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaí árachais saoil, taifeadann cuideachta árachais i bhfoirm iníochta é agus taifeadann teaghlaigh é i bhfoirm infhála sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha. Murab ionann is árachais neamhshaoil nó pinsin, aistrítear an tsuim go coigilt agus ansin taifeadtar í mar idirbheart airgeadais, is é sin le rá méadú ar dhliteanas cuideachtaí árachais saoil, móide préimheanna nua lúide an muirear seirbhíse lúide na sochair iníochta.

Ioncam ó infheistíocht atá iníochta i leith teidlíochtaí pinsean (D.442)

- 4.69 Tagann teidlíochtaí pinsean as ceann amháin de dhá chineál ar leith scéimeanna pinsin. Is éard atá i gceist scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus scéimeanna sochar sainithe.

Is éard atá i scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe scéim ina ndéantar idir ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag fostóirí agus ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag fostaithe a infheistiú thar ceann na bhfostaithe mar phinsiníirí todhchaí. Níl aon fhoinsé eile ar fáil chun pinsin a mhaoiniú agus ní bhaintear aon úsáid eile as na cistí. An t-ioncam ó infheistíocht is iníochta i leith teidlíochtaí ranníocaíochta sainithe, tá sé cothrom leis an ioncam ó infheistíocht i leith na gcistí móide aon ioncam a thuilltear trí thalamh nó foirgneamh ar leis an gciste iad a ligean ar cíos.

Saintréith de chuid scéime sochar sainithe is ea go n-úsáidtear foirmle chun leibhéal na n-íocaíochtaí atá le híoc le pinsiníirí a chinneadh. I ngeall ar an tsaintréith sin, is féidir a chinneadh gurb é atá i leibhéal na dteidlíochtaí luach láithreach gach íocaíochta todhchaí, arna ríomh trí úsáid a bhaint as toimhdí achtúireacha maidir le fad saoil agus toimhdí eacnamaíocha maidir leis an ráta malairte nó lascaine. Méadaíonn luach láithreach na dteidlíochtaí atá ann ag tús na bliana ós rud é go bhfuil an dáta ar a mbeidh na teidlíochtaí iníochta bliain amháin níos gaire. I gcás scéime sochar sainithe, meastar gur ioncam ó infheistíocht atá curtha i leith na sealbhóirí pinsin atá sa mhéadú sin. Is cuma cé acu is leor nó nach leor na cistí sa scéim pinsin chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh ná cén cineál atá sa mhéadú ar na cistí (e.g. cé acu ioncam ó infheistíocht nó gnóthachain sealúchais atá ann), ní dhéantar aon difear do mhéid an mhéadaithe.

Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhinfeistíochta (D.443)

- 4.70 Maidir le hioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhinfeistíochta, lena n-áirítear cistí frithpháirteacha agus iontaobhais infheistíochta, is éard atá ann na comhpháirteanna leithleacha seo a leanas:

— díbhinní atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhinfeistíochta (D.4431),

— tuilleamh coinnithe atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhinfeistíochta (D.4432).

Déantar na díbhinní a thaifeadadh ar an mbealach céanna is a thaifeadtar díbhinní corparáidí aonair, faoi mar a thuiriscítear thuas. Déantar an tuilleamh coinnithe a thaifeadadh agus úsáid á baint as na príonsabail atá luaite le gnóthais infheistíochta díri eachtraí, ach ní áirítear tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach sa ríomh. Déantar an tuilleamh coinnithe atá fanta a chur i leith scairshealbhóirí an chiste infheistíochta, rud a fhágann nach bhfuil aon choigilt sa chiste infheistíochta, agus ansin cuireann scairshealbhóirí an chiste infheistíochta isteach sa chiste infheistíochta athuair é trí idirbheart a thaifeadtar sa chuntas airgeadais.

Déantar an mhaoin ó ioncam a fhaigheann cistí frithpháirteacha a thaifeadadh mar ioncam ó mhaoin de chuid scairshealbhóirí, fiú amháin más amhlaidh a athinfheistítear thar a gceann í in ionad í a dháileadh.

Íocann scairshealbhóirí go hindíreach óna scaireanna i gcistí cuideachtaí bainistíochta as a n-infheistíochtaí a bhainistiú. Caiteachas de chuid na scairshealbhóirí seachas caiteachas de chuid na gcistí is ea an muirear seirbhíse.

Tráth taifeadta: déantar ioncam eile ó infheistíocht a thaifeadadh tráth a fhabhráithe.

- 4.71 I gcóras na gcuntas, is mar seo a leanas a thaifeadtar ioncam eile ó infheistíocht:

(a) acmhainní i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha sealbhóirí polasaí agus scairshealbhóirí i gcistí infheistíochta;

(b) úsáidí i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na n-árachóirí, cistí pinsin agus cistí infheistíochta;

(c) acmhainní agus úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

Cíos (D.45)

4.72 *Sainmhíniú:* is éard is cíos ann ioncam infhála ag úinéir acmhainn nádúrtha as an acmhainn nádúrtha a chur ar fáil d'aonad institiúideach eile.

Tá dhá chineál cíosa acmhainní ann: cíos ar thalamh agus cíos ar acmhainní fo-ithreach. Leanann cíosanna acmhainní ar acmhainní nádúrtha eile, e.g. speictrim raidió, an loighic chéanna.

Tá d'idirdealú idir cíos agus íocaíochtaí cíosa gur cineál ioncaim ó mhaoín atá i gcíos agus gur íocaíochtaí as seirbhísí atá in íocaíochtaí cíosa. Is éard atá in íocaíochtaí cíosa íocaíochtaí arna ndéanamh faoi léas oibriúcháin d'fhonn sócmhainn sheasta ar le haonad eile í a úsáid. Is éard is cíos ann íocaíocht arna déanamh faoi léas acmhainne d'fhonn rochtain a fháil ar acmhainn nádúrtha.

Cíos ar thalamh

Cineál ioncaim ó mhaoín is ea an cíos a fhaigheann úinéir talún ó thionónta. Áirítear i gcíosanna ar thalamh freisin na cíosanna is iníochta le húinéirí uiscí intíre agus aibhneacha as an gceart leas a bhaint as uiscí dá leithéidí chun críoch áineasa nó chun críoch eile, lena n-áirítear iascaireacht.

Íocann úinéir talún cíosanna talún agus tabhaíonn sé costais chothabhála toisc gur leis-sean an talamh. Láimhseáiltear na cánacha agus na costais den sórt sin mar chánacha agus mar chostais atá iníochta ag an duine atá i dteideal an talamh a úsáid, agus meastar go n-asbhaineann an duine sin iad ón gcíos a mbeadh sé de dhualgas air a íoc leis an úinéir talún. "Cíos iarchánach" a thugtar ar chíos a laghdaítear ar an mbealach sin trí chánacha nó trí chostais eile a bhfuil dliteanas ag an úinéir talún ina leith.

4.73 Níl ar áireamh i gcíosanna ar thalamh cíosanna ó fhoirgnimh agus ó theaghaisí atá suite air; láimhseáiltear na cíosanna sin mar íocaíocht as seirbhís mhargaidh arna soláthar ag an úinéir do thionónta an fhoirgnimh nó na teaghaise, agus taifeadtar iad sna cuntais mar thomhaltas idirmheánach nó mar thomhaltas críochnaitheach an tionónta. Mura bhfuil aon bhonn oibiachtúil ann ar ar féidir an íocaíocht a roinnt idir cíos ar thalamh agus cíos ó na foirgnimh atá suite air, láimhseáiltear an tsuim iomlán mar chíos ar thalamh nuair atá luach measta na talún níos airde ná luach na bhfoirgneamh air, agus, ina mhalairt de chás, mar íocaíocht cíosa.

Cíosanna ar shócmhainní fo-ithreach

4.74 Áirítear sa cheannteideal seo na ríchíosanna a fhabhraíonn d'úinéirí fosuithe mianraí nó breoslaí iontaise (gual, ola nó gás nádúrtha), cibé acu aonaid phríobháideacha nó aonaid rialtais atá ann, a dheonaíonn léasanna ar aonaid institiúideacha eile lena gceadaítear dóibh fosuithe dá leithéidí a thaiscéaladh nó a bhaint thar thréimhse shonrach ama.

4.75 Tráth taifeadta na gcíosanna: déantar cíosanna a thairfeadh sa thréimhse ina bhfuil siad iníochta.

4.76 Taispeántar cíosanna mar seo a leanas i gcóras na gcuntas:

(a) faoi acmhainní agus faoi úsáidí i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na n-earnálacha;

(b) faoi acmhainní agus faoi úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

CÁNACHA REATHA AR IONCAM, AR RACHMAS, ETC. (D.5)

4.77 *Sainmhíniú:* cumhdaíonn cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc. (D.5) gach íocaíocht éigeantach gan chontrapháirt, in airgead nó i gcomhchineál, arna dtobhach go tráthrialta ag an rialtas ginearálta agus ag an gcuid eile den domhan i leith ioncaim agus rachmais aonad institiúideach, agus cánacha tréimhsiúla áirithe nach measúnaítear ar bhonn an ioncaim sin ná an rachmais sin.

Roinntear na cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc. mar seo a leanas:

(a) cánacha ar ioncam (D.51);

(b) cánacha reatha eile (D.59).

Cánacha ar ioncam (D.51)

4.78 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcánacha ar ioncam (D.51) cánacha ar ioncam, ar bhrabús agus ar ghnóthachain chaipitil. Déantar measúnú orthu de réir an ioncaim iarbhír nó an ioncaim thoimhdithe atá ag daoine aonair, ag teaghlaigh, ag corparáidí nó ag institiúidí neamhbhrabúis. Áirítear leo cánacha arna measúnú ar shealúchais maoine, talún nó eastáit réadaigh sa chás go n-úsáidtear na sealúchais mar bhonn chun meastachán a dhéanamh ar ioncam a n-úinéirí.

Áirítear an méid seo a leanas i gcánacha ar ioncam:

- (a) cánacha ar ioncam duine aonair nó teaghlach, e.g. ioncam ó fhostaíocht, ó mhaoin, ó fhiontraíocht, ó phinsin, cánacha arna n-asbhaint ag fostóirí e.g. cánacha íoc mar a thuillir, san áireamh. Áirítear ioncam úinéirí gnóthas neamhchorpraithe anseo;
- (b) cánacha ar ioncam nó ar bhrabús corparáidí;
- (c) cánacha ar ghnóthachain sealúchais;
- (d) cánacha ar bhuanach crannchuir agus cearrbhachais, cánacha atá iníoctha ar na suimeanna arna bhfáil ag na buaiteoirí seachas ar chánacha ar láimhdeachas táirgeoirí a eagraíonn cearrbhachas nó crannchuir, cánacha a láimhseáiltear mar chánacha ar tháirgí.

Cánacha reatha eile (D.59)

4.79 Áirítear an méid seo a leanas i gcánacha reatha eile (D.59):

- (a) cánacha reatha a chuimsíonn cánacha is iníoctha ar úinéireacht nó ar úsáid talún nó foirgneamh ag úinéirí, agus cánacha reatha ar ghlanrachmas agus ar shócmhainní eile e.g. seodra — cé is moite de chánacha atá luaite faoi D.29 (cánacha a íocann gnóthais toisc iad a bheith i mbun táirgthe) agus faoi D.51 (cánacha ar ioncam);
- (b) cánacha cloigne, arna dtobhach in aghaidh an duine fhásta nó in aghaidh an teaghlach, go neamhspleách ar ioncam agus rachmas;
- (c) cánacha ar chaiteachas is iníoctha ar chaiteachas iomlán daoine aonair nó teaghlach;
- (d) íocaíochtaí arna ndéanamh ag teaghlach as ceadúnais úinéireachta nó ceadúnais úsáide feithiclí, bád nó aerárthaí, chun críocha nach críocha gnó iad, nó as ceadúnais áineasa fiaigh, foghlaireachta nó iascaireachta, etc. Is de réir na gcritéar céanna a úsáidtear i gcás íocaíochtaí ó ghnóthais a shainítear an t-idirdhealú idir cánacha agus ceannacháin seirbhísí ón rialtas eadhon, más rud é gur beag an méid oibre atá le déanamh ag an rialtas, má tá obair ar bith le déanamh acu, chun na ceadúnais a eisiúint ós rud é go n-eisiatar go huathoibríoch iad nuair a íoctar na suimeanna atá dlite, is é rud is dóchúlach nach bhfuil iontu ach bealach le hioncam a chruinniú, fiú amháin má thugann an rialtas teastas nó údarú éigin mar mhalairt air; i gcásanna den sórt sin is mar chánacha a láimhseáiltear a n-íocaíocht. Má bhaineann an rialtas úsáid as eisiúint na gceadúnas, áfach, chun feidhm rialála éigin a eagrú (e.g. inniúlacht nó cáilíochtaí an duine i gceist a sheiceáil), láimhseáiltear na híocaíochtaí arna ndéanamh mar cheannacháin seirbhísí ón rialtas seachas mar íocaíochtaí i leith cánacha, ach amháin más rud é gur ríléir go bhfuil na híocaíochtaí agus an costas as na seirbhísí a sholáthar go hiomlán as compás;
- (e) cánacha ar idirbhearta idirnáisiúnta, e.g. taisteal ar an gcoigríoch, seoltáin eachtracha, infheistíochtaí eachtracha, ach amháin na cánacha is iníoctha ag táirgeoirí agus dleachtanna ar allmhairí arna n-íoc ag teaghlach.

4.80 Ní áirítear an méid seo a leanas sna cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc.:

- (a) cánacha ar oidhreacht, dleachtanna báis nó cánacha ar bhronntanais idir daoine beo, a mheastar a bheith tobhthithe ar chaipiteal na dtairbhíthe agus a léirítear faoin gceannnteideal cánacha caipitil (D.91);
- (b) tobhaigh ócaídeacha nó eisceachtúla ar chaipiteal nó ar rachmas, a thairfeadtar mar chánacha caipitil (D.91);
- (c) cánacha ar thalamh, ar fhoirgnimh nó ar shócmhainní eile a shealbhaíonn fiontair nó a ligeann iad ar cíos agus a úsáideann siad le haghaidh táirgthe, láimhseáiltear cánacha dá leithéidí mar chánacha eile ar tháirgeadh (D.29);
- (d) na híocaíochtaí arna ndéanamh ag teaghlach as ceadúnais seachas ceadúnais úsáide le haghaidh feithiclí, bád nó aerárthaí, nó as ceadúnais áineasa fiaigh, foghlaireachta nó iascaireachta: ceadúnais tiomána nó ceadúnais píolóta, ceadúnais teilifíse nó raidió, ceadúnais airm tine, táillí arna n-íoc leis an rialtas amhail iontrálacha músaem nó leabharlann, táillí diúscartha bruscair, íocaíochtaí as pasanna, táillí aerfort, táille cúirteanna etc. a láimhseáiltear i bhformhór na gcásanna mar cheannacháin seirbhísí arna soláthar ag an rialtas, má chomhlíonann siad na critéir atá leagtha amach i bpointe (d) de mhír 4.79 maidir le bheith tairfeadta mar sheirbhísí.

4.81 Áirítear i luach iomlán na gcánacha ús a mhuirearítear ar riaráistí cánacha dlite agus fineálacha a fhorchuireann údarais chánacha mura bhfuil aon sonraí ann chun meastachán a dhéanamh ar ús agus fineálacha dá sórt; áirítear ann muirir a fhorchuirtear maidir le haisghabháil agus measúnú cánacha atá gan íoc, lúide suim aon lacáistí a dhéanann an rialtas ginearálta mar bheartas eacnamaíoch agus aon aisíocaíochtaí a dhéantar mar thoradh ar íocaíochtaí iomarcacha.

Tá ag méadú ar fhóirdheontas agus ar shochair shóisialta a chuirtear ar fáil tríd an gcóras cánach i bhfoirm creidmheasanna cánacha agus ar nascadh córas íocaíochta leis an gcóras bailithe cánacha. Ó tharla go bhfuil creidmheasanna cánacha in ionannas le faoiseamh cánach, laghdaítear dliteanas cánach an tairbhí.

Más é toradh atá ar an gcóras creidmheasanna cánach go bhfaigheann an tairbhí an barrachas nuair atá an faoiseamh níos mó ná an dliteanas, is córas creidmheasanna cánach “iníoctha” atá ann. I gcóras creidmheasanna le híoc, is féidir íocaíochtaí a dhámhachtain ar neamh-cháimíocóirí agus ar cháimíocóirí araon. I gcóras dá shórt, déantar suim iomlán na gcreidmheasanna a thaifeadadh mar chaiteachas an rialtais seachas mar laghdú ar ioncam cánach.

Os a choinne sin, is córas creidmheasanna cánach “neamh-iníoctha” roinnt córas creidmheasanna cánach ina dteorannaítear creidmheasanna cánach do mhéid an dliteanais chánach. I gcóras creidmheasanna cánach neamh-iníoctha, corpraítear gach creidmheas cánach sa chóras cánach agus laghdaíonn siad ioncam cánach rialtais.

- 4.82 Déantar cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc. a thaifeadadh tráth a tharlaíonn na gníomhaíochtaí, na hidirbhearta nó na teagmhais eile a chruthaíonn na dliteanais chun cánacha a íoc.

Mar sin féin, tá roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha, idirbheart eacnamaíoch agus teagmhas eacnamaíoch ann ar ceart dóibh, faoin reachtaíocht maidir le cáin, an oibleagáid cánacha a íoc a fhorchur ar na haonaid lena mbaineann, ach nach dtagann ar aire na n-údarás cánach choíche. Ní bheadh sé réalaíoch glacadh leis go n-eascaíonn sócmhainní nó dliteanais airgeadais, i bhfoirm méideanna iníoctha nó infhála, ó ghníomhaíochtaí, idirbhearta nó teagmhais dá sórt. Ní chinntear na suimeanna atá le taifeadadh de réir na suimeanna atá dlite ach amháin nuair atá siad fianaithe le measúnuithe cánach, le dearbhuithe cánach nó le hionstraimí eile a chruthaíonn dliteanais i bhfoirm oibleagáidí soiléire íocaíochta a bheith ar cháimíocóirí. Ní dhéantar cánacha atá in easnamh agus nach bhfuil fianaithe le measúnuithe cánacha a thaifeadadh go barúlach.

As dhá fhoinsé a thagann na cánacha a thaifeadtar sna cuntais: suimeanna atá fianaithe le measúnuithe agus dearbhuithe, agus le fáltas airgid.

- (a) Má úsáidtear measúnuithe agus dearbhuithe, déantar na suimeanna a choigeartú le comhéifeacht a léireoidh suimeanna measúnaithe agus suimeanna dearbhaithe nár bailíodh riamh. Rogha eile is ea aistriú caipítíl chuig na hearnálacha ábhartha a thaifeadadh mar mhéid atá cothrom leis an gcoigeartú. Déantar meastachán ar na comhéifeachtaí ar bhonn taithí a fuarthas cheana agus an ionchais reatha i leith suimeanna measúnaithe agus suimeanna dearbhaithe nár bailíodh riamh. Bainfidh siad go sonrath le cineálacha éagsúla cánacha.
- (b) Má bhaintear úsáid as fáltas airgid, déantar iad a choigeartú de réir ama sa chaoi is go ndéantar an t-airgead tírím a shannadh tráth a tharla na gníomhaíochtaí, na hidirbhearta nó na teagmhais eile as ar eascair an dliteanas cánach (nó tráth a cinneadh suim na cánach, i gcás cánacha áirithe ar ioncam). Bunaítear an coigeartú sin ar an meándifríocht ama idir na gníomhaíochtaí, na hidirbhearta nó na teagmhais eile (nó ar chinneadh shuim na cánach) agus an fáltas airgid ó cháin.

Nuair a choimeádann fostóir cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc. ag an bhfoinsé, áirítear iad i bpá agus tuarastail fiú murar chuir an fostóir ar aghaidh iad chuig an rialtas ginearálta. Taispeántar go n-íocann eárnáil na dteaghlach an tsuim iomlán le heárnáil an rialtais ginearálta. Déantar na suimeanna neamhíoctha iarbhír a neodrú faoi D.995 mar aistriú caipítíl ón rialtas ginearálta chuig eárnálacha na bhfostóirí.

I gcásanna áirithe, ní féidir an dliteanas chun cáin ioncaim a íoc a chinneadh ach i rith tréimhse cuntasaióchta i ndiaidh na tréimhse ina bhfabhraíonn an t-ioncam. Dá bhrí sin, tá gá le roinnt solúbthachta a bhaineann leis an pointe ábhartha ama a thaifeadtar cánacha den sórt sin. Is féidir cánacha ioncaim a asbhaintear ag an bhfoinsé, amháil cánacha ÍMAT agus cáin ioncaim a réamhíoctar go rialta, a thaifeadadh sna tréimhsí ina n-íoctar iad agus is féidir aon dliteanas críochnaitheach cánach ar ioncam a thaifeadadh sa tréimhse ina gcinntear an dliteanas.

Mar seo a leanas a thaifeadtar cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc:

- (a) úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-earnálacha sin ina bhfuil na cáimíocóirí aicmithe;
- (b) acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim an rialtais ginearálta;
- (c) úsáidí agus acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

RANNÍOCAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS SOCHAIR SHÓISIALTA (D.6)

- 4.83 *Sainmhíniú:* is éard atá i sochair shóisialta aistrithe chuig teaghlach, in airgead nó i gcomhchineál, lena mbeartaítear faoiseamh a thabhairt dóibh ón ualach airgeadais a bhaineann le líon áirithe rioscaí nó riachtanas, agus a dhéantar trí bhíthin scéimeanna a eagraítear ar bhonn comhchoiteann, nó a dhéanann aonaid rialtais agus INBFTanna lasmuigh de scéimeanna dá leithéid; áirítear iontu íocaíochtaí ón rialtas ginearálta le tairgeoirí a théann chun sochair teaghlach ar bhonn aonraic agus a dhéantar i gcomhlhthéacs rioscaí sóisialta nó riachtanas sóisialta.

- 4.84 Seo a leanas an liosta rioscaí nó riachtanas a bhféadfadh a bheith ina gcúis le sochair shóisialta:

- (a) tinneas;
- (b) easláine, míchumas;

- (c) tionóisc cheirde nó galar ceirde;
- (d) seanaois;
- (e) marthanóirí;
- (f) máithreachas;
- (g) cúrsaí teaghlaigh;
- (h) cothú fostaíochta;
- (i) dífhostaíocht;
- (j) tithíocht;
- (k) oideachas;
- (l) ganntanas ginearálta.

I gcás tithíochta, is sochair shóisialta na híocaíochtaí a dhéanann údarás phoiblí le tionóntaí chun a gcíosanna a laghdú, ach amháin sochair eisceachtúla a íocann údarás phoiblí ina gcáil mar fhostóirí.

4.85 Áirítear an méid seo a leanas i sochair shóisialta:

- (a) aistrithe reatha agus aistrithe cnapshuime ó scéimeanna a fhaigheann ranníocaíochtaí, a chuimsíonn an pobal ina iomláine nó codanna móra den phobal agus a fhorchuireann agus a rialaíonn aonaid rialtais (scéimeanna slándála sóisialta);
- (b) aistrithe reatha agus aistrithe cnapshuime ó scéimeanna a eagraíonn fostaithe thar ceann a gcuid fostaithe, iarfhostaithe nó cleithiúnaithe (scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht). Féadfaidh fostaithe agus/nó fostóirí ranníocaíochtaí a dhéanamh; féadfaidh daoine féinfhostaithe ranníocaíochtaí a dhéanamh freisin;
- (c) aistrithe reatha ó aonaid rialtais agus ó INBFTanna nach bhfuil coinníollach ar ranníocaíochtaí a bheith íoctha roimh ré agus atá nasctha, de ghnáth, le measúnú ar ioncam atá ar fáil. Is gnách go dtugtar cúnaimh sóisialta ar aistrithe den sórt sin.

4.86 Ní áirítear an méid seo a leanas i sochair shóisialta:

- (a) éilimh árachais faoi réir polasaithe arna dtógáil amach ar thionscnamh an áracháí féin amháin, neamhspleách óna fhostóir nó ón rialtas;
- (b) éilimh árachais faoi réir polasaithe arna dtógáil amach chun lascaine a fháil, agus chun na críche sin amháin, fiú más toradh ar chomhaontú comhchoiteann iad na polasaithe sin.

4.87 D'fhonn polasaí ar leith a láimhseáil mar chuid de scéim árachais shóisialta, comhfhreagróidh na cásanna agus na himthosca a bhfuil na rannpháirtithe árachaithe ina n-aghaidh do na rioscaí nó na riachtanais atá liostaithe i mír 4.84, agus, ina theannta sin, sásófar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go bhfuil rannpháirteachas sa scéim éigeantach de réir an dlí nó faoi théarmaí agus coinníollacha fostaíochta fostaí nó grúpa fostaithe;
- (b) gur scéim chomhchoiteann atá ann a oibrítear ar mhaithe le grúpa ainmnithe oibrithe, bíodh siad fostaithe, féinfhostaithe nó neamhfhostaithe, agus go bhfuil rannpháirtíocht srianta do bhaill an ghrúpa sin;
- (c) go ndéanann fostóir ranníocaíocht (iarbhír nó bharúlach) sa scéim thar ceann fostaí, cibé acu a dhéanann an fostaí ranníocaíocht sa scéim freisin nó nach ndéanann.

4.88 *Sainmhíniú:* is éard atá i scéimeanna árachais shóisialta scéimeanna ina gcuireann fostóirí nó an rialtas ginearálta oibleagáid ar rannpháirtithe, nó ina spreagann siad iad, árachas a thógáil amach in aghaidh cásanna nó imthosca áirithe a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá leas nó do leas a gcleithiúnaithe. I scéimeanna den sórt sin, íocann fostaithe nó daoine eile ranníocaíochtaí sóisialta, nó íocann fostóirí iad thar ceann a bhfostaithe, chun teidlíocht sochar árachais shóisialta a urrú, sna tréimhsí reatha nó sna tréimhsí ina dhiaidh sin, dá bhfostaithe nó do ranníocóirí eile, dá gcleithiúnaithe nó do mharthanóirí.

Eagraítear scéimeanna árachais shóisialta do ghrúpaí oibríthe nó bíonn siad ar fáil de réir an dlí do gach oibrí nó do chatagóirí ainmnithe oibríthe, lena n-áirítear daoine neamhfhostaithe agus fostaithe. Idir scéimeanna príobháideacha a eagraítear do ghrúpaí ar leith oibríthe atá fostaithe ag fostóir aonair agus scéimeanna árachais shóisialta a chuimsíonn fórsa saothair iomlán tíre a bhíonn iontu. D'fhéadfadh sé go nglacadh na hoibríthe lena mbaineann páirt sna scéimeanna sin ar bhonn deonach, ach is coitianta go mbíonn sé oibleagáideach páirt a ghlacadh iontu. Mar shampla, i gcás scéimeanna a eagraíonn fostóirí aonair, d'fhéadfadh sé go mbeadh rannpháirteachas ina cheangal de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha fostaíochta arna gcomhaontú idir fostóirí agus a bhfostaithe.

4.89 Tá dhá chineál árachais shóisialta ann:

- (a) is éard atá sa chéad chineál, scéimeanna árachais shóisialta a chuimsíonn an pobal ina iomláine nó codanna móra de, agus a fhorchuireann, a rialaíonn agus a mhaoiníonn aonaid rialtais. D'fhéadfadh pinsin atá infíochta faoi scéimeanna den sórt sin a bheith gaolmhar le leibhéil tuarastail na dtairbhíthe nó leis an stair fostaíochta nó d'fhéadfadh siad gan a bheith gaolmhar leo. Ní minic a bhíonn sochair neamhphínsean nasctha le leibhéil tuarastail;
- (b) is éard atá sa dara cineál, scéimeanna eile a bhaineann le fostaíocht. Eascraíonn scéimeanna den sórt sin ó chaidreamh fostóra-fostaí maidir le soláthar teidlíochtaí pinsean agus, b'fhéidir, teidlíochtaí eile, atá mar chuid de na coinníollacha fostaíochta, ar scéimeanna iad nach mbíonn sé de fhreagracht ar an rialtas ginearálta sochair a sholáthar i bhfoirm soláthair shlándála shóisialta ina leith.

4.90 Is mar scéimeanna eile a bhaineann le fostaíocht seachas mar scéimeanna árachais shóisialta a aicnítear scéimeanna árachais shóisialta a eagraíonn aonaid rialtais dá bhfostaithe féin seachas don fhórsa saothair i gcoitinne.

Ranníocaíochtaí sóisialta, glan (D.61)

4.91 *Sainmhíniú:* is éard atá i ranníocaíochtaí sóisialta, glan, na ranníocaíochtaí iarbhir nó barúlacha arna ndéanamh ag teaghlach le scéimeanna árachais shóisialta chun foráil a dhéanamh d'íocaíocht sochar sóisialta. Is éard atá i ranníocaíochtaí sóisialta (D.61), glan:

ranníocaíochtaí sóisialta iarbhir fostóirí (D.611)

móide ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.612)

móide ranníocaíochtaí sóisialta iarbhir teaghlach (D.613)

móide forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach (D.614)

lúide muirir seirbhíse scéimeanna árachais shóisialta (D.61SC).

Is éard atá sna muirir seirbhíse scéimeanna árachais shóisialta na táillí seirbhíse a mhuirearaíonn na haonaid a riarann na scéimeanna. Taispeántar anseo iad mar chuid de ríomh na ranníocaíochtaí sóisialta, glan (D.61); ní idirbhearta athdháilte iad, is cuid d'aschur agus de chaiteachas tomhaltais iad.

Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhir fostóirí (D.611)

4.92 Freagraíonn ranníocaíochtaí sóisialta iarbhir fostóirí (D.611) do shreabhadh D.121.

Is éard atá i ranníocaíochtaí sóisialta iarbhir fostóirí ranníocaíochtaí sóisialta a íocann fostóirí le scéimeanna slándála sóisialta agus le scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht, chun sochair shóisialta a fháil dá bhfostaithe.

Toisc go ndéantar ranníocaíochtaí sóisialta iarbhir fostóirí chun sochair a bhfostaithe, déantar a luach a thaifeadadh mar cheann de na comhpháirteanna den chúiteamh d'fhostaithe mar aon le pá agus tuarastail in airgead agus i gcomhchineál. Ansin, taifeadtar iad mar ranníocaíochtaí sóisialta arna ndéanamh ag na fostaithe leis na scéimeanna árachais shóisialta agus le scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht.

Tá an ceannteideal seo roinnte ina dhá chatagóir:

- (a) freagraíonn ranníocaíochtaí iarbhir pinsin fostóirí (D.6111) do shreabhadh D.1211;
- (b) freagraíonn ranníocaíochtaí iarbhir neamhphínsean fostóirí (D.6112) do shreabhadh D.1212.

- 4.93 D'fhéadfadh sé a bheith éigeantach ranníocaíochtaí sóisialta iarbhrí a dhéanamh de bhua reachta nó rialacháin, nó d'fhéadfaí iad a íoc mar thoradh ar chomhaontuithe comhchoiteanna i dtionscal ar leith nó ar chomhaontuithe idir an fostóir agus na fostaithe i ngnóthas ar leith, nó toisc gur chuid shonrach den chonradh fostaíochta féin iad. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh na ranníocaíochtaí a bheith deonach.

Cuimsíonn ranníocaíochtaí deonacha den sórt sin an méid seo a leanas:

- (a) ranníocaíochtaí sóisialta nach bhfuil oibleagáid de réir dlí ar dhaoine a ranníoc le ciste slándála sóisialta;
 - (b) ranníocaíochtaí sóisialta a íoctar le gnóthais árachais (nó cistí pinsin atá aicmithe san earnáil chéanna) mar chuid de scéimeanna árachais forlíontacha a eagraíonn gnóthais chun sochair a bhfostaithe agus a dtéann na fostaithe isteach iontu ar bhonn deonach;
 - (c) ranníocaíochtaí le scéimeanna árachais choigiltis a bhfuil cead ag fostaithe nó oibrithe féinhostaithe bheith ina mball daoibh.
- 4.94 Tráth taifeadta: déantar ranníocaíochtaí sóisialta iarbhrí fostóirí (D.611) a thaifeadadh tráth a dhéantar an obair as a n-eascaíonn an dliteanas na ranníocaíochtaí a íoc.
- 4.95 As dhá fhoinsé a thagann na ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha leis an rialtas ginearálta agus a thaifeadtar sna cuntais: suimeanna atá fianaithe le measúnuithe agus dearbhuithe nó le fáltais airgid.

- (a) Má úsáidtear measúnuithe agus dearbhuithe, déantar na suimeanna a choigeartú le comhéifeacht a léireoidh suimeanna measúnaithe agus suimeanna dearbhaithe nár bailíodh riamh. Rogha eile is ea aistriú caipitil chuig na hearnálacha ábhartha a thaifeadadh a bheadh cothrom leis an gcoigeartú. Déantar meastachán ar na comhéifeachtaí ar bhonn taithí a fuarthas cheana agus an ionchais reatha i leith suimeanna measúnaithe agus suimeanna dearbhaithe nár bailíodh riamh. Bainfidh siad go sonrach le cineálacha éagsúla ranníocaíochtaí sóisialta.
- (b) Má úsáidtear fáltais airgid, déantar iad a choigeartú de réir ama ionas go luaitear an t-airgead tirim leis an uair a rinneadh an ghníomhaíocht as ar eascair an dliteanas maidir le ranníocaíocht shóisialta (nó tráth a chruthaítear an dliteanas). Féadfaidh an coigeartú sin a bheith bunaithe ar an meándifríocht ama idir an ghníomhaíocht (nó cruthú an dliteanais) agus an fáltas airgid.

Nuair a dhéanann an fostóir ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha le hearnáil an rialtais ginearálta a choimeád ag an bhfoinsé, áirítear i bpá agus tuarastail iad is cuma cé acu a chuir sé ar aghaidh chuig an rialtas ginearálta iad nó nár chuir. Ansin taispeántar go n-íocann earnáil na dteaghlach an tsuim iomlán le hearnáil an rialtais ginearálta. Déantar na suimeanna neamhíoctha iarbhrí a neodrú faoi D.995 mar aistriú caipitil ón rialtas ginearálta chuig earnálacha na bhfostóirí.

- 4.96 Mar seo a leanas a thaifeadtar ranníocaíochtaí sóisialta iarbhrí fostóirí:
- (a) úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na dteaghlach;
 - (b) úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás teaghlach neamhchónaitheach);
 - (c) acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-árachóirí cónaitheacha agus na bhfostóirí cónaitheacha;
 - (d) acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás árachóirí neamhchónaitheacha agus fostóirí neamhchónaitheacha).

Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.612)

- 4.97 *Sainmhíniú:* is éard is ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.612) ann contrapháirt sochar sóisialta (lúide ranníocaíochtaí sóisialta fostaithe, nuair is iomchuí) a íocann fostóirí go díreach (i.e. gan a bheith ceangailte le ranníocaíochtaí iarbhrí fostóirí) lena gcuid fostaithe nó iarfhostaithe agus le daoine eile incháilithe.

Freagraíonn siad do shreabhadh D.122 faoi mar atá tuairiscithe i gcúiteamh fostaithe. Ní mór a luach a bheith bunaithe ar thosca achtúireacha nó ar chéatadán réasúnta pá agus tuarastail a íoctar le fostaithe reatha nó ní mór é a bheith cothrom le sochair neamhphínsean neamhchistithe is iníoctha ag an ngnóthas le linn na tréimhse céanna cuntasáíochta.

Tá dhá chatagóir i ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.612):

- (a) ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí (D.6121). Freagraíonn siad do shreabhadh D.1221;

(b) ranníocaíochtaí barúlacha neamhphínsean fostóirí (D.6122). Freagraíonn siad do shreabhadh D.1222.

4.98 Tráth taifeadta: I rith na tréimhse ina ndéantar an obair is ea a thaifeadtar ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí atá in ionannas le contrapháirt sochar sóisialta díreach éigeantach. Maidir le ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí atá in ionannas le contrapháirt sochar sóisialta díreach deonach, taifeadtar iad tráth a sholáthraítear na sochair.

4.99 Mar seo a leanas a thaifeadtar ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí:

(a) úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na dteaghlach agus sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha;

(b) acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-earnálacha lena mbaineann na fostóirí nó na hárachóirí cónaitheacha agus sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach (D.613)

4.100 *Sainmhíniú:* is éard atá i ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach ranníocaíochtaí sóisialta is iníochta thar a gceann féin ag fostaithe, ag daoine féinhostaithe nó ag daoine neamhhostaithe le scéimeanna árachais shóisialta.

Tá dhá chatagóir i ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach (D.613):

(a) ranníocaíochtaí iarbhír pinsin teaghlach (D.6131);

(b) ranníocaíochtaí iarbhír neamhphínsean teaghlach (D.6132).

Tráth taifeadta: Is ar bhonn fabhráithe a thaifeadtar ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach. I gcás daoine fostaithe, déantar an taifead tráth a dhéantar an obair as a n-eascraíonn an dliteanas na ranníocaíochtaí a íoc. I gcás daoine neamhhostaithe, déantar an taifead tráth atá an ranníocaíocht le déanamh.

I gcóras na gcuntas, taispeántar ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach mar seo a leanas:

(a) faoi úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na dteaghlach agus sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha;

(b) faoi acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-earnálacha lena mbaineann na fostóirí agus sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

Forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach (D.614)

4.101 *Sainmhíniú:* is éard atá i bhforlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach an t-ioncam ó mhaoín a thuilltear le linn na tréimhse cuntasaíochta ar an stoc teidlíochtaí pinsean agus neamhphínsean.

Tá an ceannteideal seo roinnte ina dhá chatagóir:

(a) forlíontaí ranníocaíochta pinsin teaghlach (D.6141);

(b) forlíontaí ranníocaíochta neamhphínsean teaghlach (D.6142). Freagraíonn ceannteideal D.6142 d'fhorlíontaí ranníocaíochta teaghlach a bhaineann le rioscaí sóisialta agus le riachtanais shóisialta seachas pinsin, amhail tinneas, máithreachas, gortú tionsclaíoch, míchumas, iomarcaíocht etc.

Áirítear forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach in ioncam ó mhaoín is iníochta ag riarthóirí cistí pinsin le teaghlach sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha (ioncam ó infheistíocht atá iníochta i leith teidlíochtaí pinsean D.442).

Ó tharla, sa chleachtas, go gcoinníonn riarthóirí cistí pinsin an t-ioncam sin, láimhseáiltear é sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim mar mhéideanna a aisíocann na teaghlach le cistí pinsin i bhfoirm forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach.

Tráth taifeadta: déantar forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach a thaifeadadh tráth a bhfabhráithe.

Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil (D.62)

4.102 Tá trí fhotheideal faoin gceannteideal D.62:

Sochair slándála sóisialta in airgead tirim (D.621);

Sochair árachais shóisialta eile (D.622);

Sochair chúnamh shóisialta in airgead tirim (D.623).

Sochair slándála sóisialta in airgead tirim (D.621)

4.103 *Sainmhíniú:* is éard atá i sochair slándála sóisialta in airgead tirim sochair árachais shóisialta is iníoctha in airgead tirim le teaghlaigh ag cistí slándála sóisialta. Eisiatar aisíocaíochtaí agus láimhseáiltear iad mar aistrithe sóisialta comhchineáil (D.632).

Soláthraítear sochair den sórt sin faoi scéimeanna slándála sóisialta.

Féadfar iad a roinnt ina dhá chuid:

— sochair slándála sóisialta pinsin in airgead tirim (D.6211),

— sochair slándála sóisialta neamhphínsean in airgead tirim (D.6212).

Sochair árachais shóisialta eile (D.622)

4.104 *Sainmhíniú:* freagraíonn sochair árachais shóisialta eile do shochair is iníoctha ag fostaithe i gcomhthéacs scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht. Scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht is ea sochair shóisialta (in airgead nó i gcomhchineál) is iníoctha ag scéimeanna árachais shóisialta, seachas slándáil shóisialta, le ranníocóirí na scéimeanna, lena gcuid cleithiúnaithe nó lena gcuid marthanóirí.

Is gnách go mbíonn an méid seo a leanas i gceist:

(a) gnáthphá nó pá laghdaithe a leantar de bheith ag íoc i rith tréimhsí neamhláithreachta ag an obair mar gheall ar dhrochshláinte, timpiste, máithreachas, etc.;

(b) liúntais leanaí, liúntais oideachais nó liúntais eile a íoctar i leith cleithiúnaithe;

(c) pinsin scoir agus pinsin marthanóirí a íoctar le hiarfhostaithe nó lena marthanóirí, agus liúntais téarfa a íoctar le hoibrithé nó lena marthanóirí i gcás iomarcaíochta, neamhábaltachta, báis thionóiscigh, etc. (má tá siad nasctha le comhaontuithe comhchoiteanna);

(d) seirbhísí leighis ginearálta nach mbaineann le hobair an fhostaí;

(e) ionaid téarnaimh agus tithe scoir.

Is féidir sochair árachais shóisialta eile (D.622) a roinnt ina dhá chuid:

— sochair árachais shóisialta phinsin eile (D.6221),

— sochair árachais shóisialta neamhphínsean eile (D.6222).

Sochair chúnamh shóisialta in airgead tirim (D.623)

4.105 *Sainmhíniú:* is éard atá i sochair chúnamh shóisialta in airgead tirim aistrithe reatha is iníoctha le teaghlaigh ag aonaid rialtais nó ag INBFTanna chun na riachtanais chéanna a chomhlíonann sochair chúnamh shóisialta a chomhlíonadh, ach nach ndéantar faoi scéim árachais shóisialta ina ndéantar ranníocaíochtaí sóisialta, de ghnáth, d'fhonn bheith rannpháirteach.

Ní áirítear orthu, dá bhrí sin, gach sochar a íocann cistí slándála sóisialta. Féadfaidh sochair chúnamh shóisialta a bheith iníoctha sna cúinsí seo a leanas:

(a) nuair nach bhfuil aon scéim árachais shóisialta ann chun na cúinsí i gceist a chumhdach;

(b) nuair nach bhfuil na teaghlaigh i gceist páirteach i scéim nó scéimeanna árachais shóisialta, cé go bhféadfadh sé gurbh ann don scéim nó do na scéimeanna sin, agus nach bhfuil siad incháilithe do shochair árachais shóisialta;

- (c) nuair a mheastar nach leor sochair árachais shóisialta chun na riachtanais i gceist a chumhdach agus go n-foictar na sochair chúnamh shóisialta mar fhorlíonadh;
- (d) nuair is beartas ginearálta sóisialta atá ann.

Ní áirítear i sochair dá leithéidí aistrithe reatha a foictar mar gheall ar theagmhais nó imthosca nach mbíonn cumhdaithe ag scéimeanna árachais shóisialta de ghnáth (i.e. aistrithe a dhéantar mar gheall ar thubaistí nádúrtha, a thaifeadtar faoi "aistrithe reatha eile" nó faoi "aistrithe caipitil eile").

4.106 Tráth taifeadta sochar sóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil (D.62):

- (a) nuair is airgead tirim atá ann, déantar iad a thaifeadadh nuair a bhunaítear na héilimh ar na sochair;
- (b) nuair is i bhfoirm chomhchineáil atá siad, déantar iad a thaifeadadh tráth a sholáthraítear an tseirbhís, nó tráth a dhéantar na hathruithe ar úinéireacht na n-earraí arna soláthar go díreach do theaghlaigh ag táirgeoirí neamh-mhargaidh.

4.107 Déantar sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil (D.62) a thaifeadadh mar:

- (a) úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-earnálacha a dheonaíonn na sochair;
- (b) úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás sochar arna ndeonú ag an gcuid eile den domhan);
- (c) acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na dteaghlach;
- (d) acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás sochar arna ndeonú ar theaghlaigh neamhchónaitheacha).

Aistrithe sóisialta comhchineáil (D.63)

4.108 *Sainmhíniú:* is éard atá in aistrithe sóisialta comhchineáil (D.63) earraí nó seirbhísí aonair a sholáthraíonn aonaid rialtais agus INBFTanna saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de do theaghlaigh aonair, is cuma cé acu a cheannaítear ar an margadh iad nó a tháirgtear iad mar aschur neamh-mhargaidh ag aonaid rialtais nó INBFTanna. Maoinítear iad as cánachas, as ioncam eile rialtais nó as ranníocaíochtaí slándála sóisialta, nó as tabhartais agus ioncam ó mhaoin i gcás INBFTanna.

Seirbhísí aonair a thugtar ar sheirbhísí a sholáthraítear do theaghlaigh saor in aisce, nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de, chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus seirbhísí comhchoiteanna a sholáthraítear don phobal ina iomláine, nó do chodanna móra den phobal, e.g. cosaint agus soilsiú sráide. Is éard atá i seirbhísí aonair, go príomha, seirbhísí oideachais agus sláinte, cé go soláthraítear cineálacha eile seirbhísí freisin go minic, amhail seirbhísí tithíochta, seirbhísí cultúrtha agus áineasa.

4.109 Déantar aistrithe sóisialta comhchineáil (D.63) a fhoroinnt mar seo:

Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh chun críoch neamh-mhargaidh an rialtais ghinearálta agus INBFTanna (D.631).

Sainmhíniú: aistrithe sóisialta comhchineáil — déanann táirgeoirí neamh-mhargaidh táirgeadh chun críoch neamh-mhargaidh an rialtais ghinearálta agus INBFTanna (D.631) earraí agus seirbhísí aonair a sholáthar go díreach do na tairbhíthe. Ba cheart aon íocaíochtaí a dhéanann na teaghlaigh féin a asbhaint.

Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh ceannaithe margaidh ag an rialtas ginearálta agus ag INBFTanna (D.632)

Sainmhíniú: an méid seo a leanas atá in aistrithe sóisialta comhchineáil — is earraí agus seirbhísí aonair iad táirgeadh ceannaithe chun críoch margaidh ag an rialtas ginearálta agus ag INBFTanna (D.632):

- (a) aistrithe i bhfoirm aisíocaíochtaí caiteachais fhormheasta teaghlach ar earraí agus ar sheirbhísí sonracha, arna ndéanamh ag cistí árachais shóisialta; nó
- (b) aistrithe a sholáthraíonn tairbhíthe do tháirgeoirí margaidh, as a gceannaíonn an rialtas ginearálta na hearraí agus na seirbhísí comhfhreagracha.

Ní mór aon íocaíochtaí a dhéanann na teaghlaigh féin a asbhaint.

I gcás ina gceannaíonn teaghlach earra nó seirbhís agus go n-aisíocann ciste árachais shóisialta é ina dhiaidh sin, ina iomláine nó i bpáirt, is féidir a mheas go raibh an teaghlach ag gníomhú thar ceann an chiste árachais shóisialta. Go bunúsach, tugann an teaghlach creidmheas gearrthéarmach don chiste árachais shóisialta, creidmheas a dhéantar a leachtú a luaithe a aisíoctar an teaghlach.

Déantar suim an chaiteachais a aisíoctar a thaifeadadh mar chaiteachas arna thabhtú go díreach ag an gciste árachais shóisialta tráth a dhéanann an teaghlach an ceannachán, ach is é an difear, más ann dó, idir praghas an cheannaitheora arna íoc agus an tsuim arna haisíoc an t-aon chaiteachas amháin a thaifeadtar i leith an teaghlaigh. Dá bhrí sin, ní láimhseáiltear suim an chaiteachais arna aisíoc mar aistriú reatha in airgead tirim ó na cistí slándála sóisialta chuig na teaghlaigh.

- 4.110 Samplaí d'aistrithe sóisialta comhchineáil (D.63) is ea cóireálacha leighis nó fiacloireachta, máinliacht, cóiríocht ospidéal, speaclaí nó tadhall-lionsaí, fearais nó trealamh leighis, agus earraí nó seirbhísí dá samhail a fhreastalaíonn ar rioscaí nó riachtanais sóisialta.

Samplaí eile de nithe nach gcuimsíonn scéim árachais shóisialta iad is ea tithíocht shóisialta, liúntas teaghaise, naíolanna lae, oiliúint ghairmiúil, laghduithe ar phraghsanna iompair (ar an gcoinníoll go bhfuil aidhm shóisialta leo), agus earraí agus seirbhísí dá samhail i gcomhthéacs rioscaí nó riachtanas sóisialta. A fhad nach mbaineann le rioscaí nó riachtanais sóisialta, nuair a sholáthraíonn rialtas earraí agus seirbhísí amháin seirbhísí áineasa, cultúrtha nó spóirt do theaghlaigh aonair saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de, láimhseáiltear iad mar aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh chun críoch neamh-mhargaidh an rialtais ghinearálta agus INBFTanna (D.631).

- 4.111 Tráth taifeadta: Déantar aistrithe sóisialta comhchineáil (D.63) a thaifeadadh tráth a sholáthraítear an tseirbhís, nó tráth a dhéantar na hathruithe ar úinéireacht na n-earraí arna soláthar go díreach do theaghlaigh ag táirgeoirí neamh-mhargaidh.

Déantar aistrithe sóisialta comhchineáil (D.63) a thaifeadadh mar seo a leanas:

- (a) faoi úsáidí i gcuntas athdháilte ioncain chomhchineáil na n-earnálacha a dheonaíonn na sochair;
- (b) faoi acmhainní i gcuntas athdháilte ioncain chomhchineáil na dteaghlaigh.

Déantar tomhaltas na n-earraí agus na seirbhísí arna n-aistriú a thaifeadadh sa chuntas úsáide ioncain indiúscartha choigeartaithe.

Níl aon aistrithe sóisialta comhchineáil i gceist leis an gcuid eile den domhan (cláraítear iad in D.62, sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil).

AISTRITHE REATHA EILE (D.7)

Glanphréimheanna árachais neamhshaoil (D.71)

- 4.112 *Sainmhíniú:* is éard atá i nglanphréimheanna árachais neamhshaoil (D.71) préimheanna is iníoctha faoi pholasaithe a bhaineann aonaid institiúideacha amach. Is éard atá sna polasaithe a bhaineann teaghlaigh aonair amach, na polasaithe sin a bhaineann siad amach ar a dtionscnamh féin agus chun a sochair féin, neamhspleách óna bhfostóirí nó ón rialtas agus lasmuigh d'aon scéim árachais shóisialta. Cuimsíonn glanphréimheanna árachais neamhshaoil idir phréimheanna iarbhir is iníoctha ag sealbhóirí polasaí chun cumhdach árachais a fháil i rith na tréimhse cuntasaíochta (préimheanna arna dtuilleamh) agus fhorlíontaí préimhe is iníoctha as an ioncam ó mhaoin atá curtha i leith sealbhóirí polasaí árachais, tar éis muirir seirbhíse na ngnóthas árachais a réitíonn an t-árachas a asbhaint.

Is éard atá i nglanphréimheanna árachais neamhshaoil na suimeanna atá ar fáil chun cumhdach a sholáthar in aghaidh teagmhas éagsúil nó timpistí éagsúla is cúis le damáiste d'earraí nó do mhaoin, nó le dochar do dhaoine mar thoradh ar chúiseanna nádúrtha nó daonna, e.g. dóiteáin, tuilte, tuairteanna, imbhuailtí, gadaíocht, foréigean, timpistí, breoiteacht, nó in aghaidh cailteanas airgeadais mar gheall ar theagmhais amháin breoiteacht, dífhos-taíocht, timpistí, etc.

Tá dhá chatagóir i nglanphréimheanna árachais neamhshaoil:

- (a) glanphréimheanna árachais dhírigh neamhshaoil (D.711);
- (b) glanphréimheanna athárachais neamhshaoil (D.712).

- 4.113 Tráth taifeadta: déantar glanphréimheanna árachais neamhshaoil a thaifeadadh tráth a thuilltear iad.

Is éard atá sna préimheanna árachais as a n-asbhaintear na muirir seirbhíse na codanna sin de na préimheanna iomlána, a íoctar i rith na tréimhse reatha nó i rith tréimhsí roimhe sin, lena gcumhdaítear rioscaí amuigh sa tréimhse reatha.

Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir préimheanna arna dtuilleamh i rith na tréimhse reatha agus préimheanna a bhfuil íocaíocht dlite ina leith i rith na tréimhse reatha is dealraitheach a chumhdóidh rioscaí i rith tréimhsí sa todhchaí chomh maith le rioscaí i rith na tréimhse reatha.

Déantar glanphréimheanna árachais neamhshaoil a thaifeadadh mar seo a leanas:

- (a) úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na sealbhóirí polasaí cónaitheacha;
- (b) úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás sealbhóirí polasaí neamhchónaitheacha);
- (c) acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na ngnóthas árachais cónaitheacha;
- (d) acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás ngnóthas árachais neamhchónaitheach).

Éilimh árachais neamhshaoil (D.72)

4.114 *Sainmhíniú*: is éard atá in éilimh árachais neamhshaoil (D.72) na héilimh atá dlite faoi chonarthaí i leith árachais neamhshaoil, is é sin le rá, na suimeanna a bhfuil sé de dhualgas ar ghnóthais árachais a foc mar shocruithe i leith gortuithe nó dochair do dhaoine nó d'earraí (lena n-áirítear earraí caipitil sheasta).

Tá an ceannteideal seo roinnte ina dhá chatagóir:

- (a) éilimh árachais dhírigh neamhshaoil (D.721);
- (b) éilimh árachais neamhshaoil (D.722).

4.115 Ní áirítear íocaíochtaí ar sochair shóisialta iad in éilimh árachais neamhshaoil.

Láimhseáiltear socrú éilimh árachais neamhshaoil mar aistriú chuig an éilitheoir. Láimhseáiltear íocaíochtaí den sórt sin mar aistrithe reatha, fiú amháin sa chás go bhfuil suimeanna móra i gceist mar thoradh ar shócmhainn sheasta a scriosadh de thaisme nó mar thoradh gortú trom a bhain do dhuine aonair.

Mar aistriú caipitil seachas mar aistrithe reatha a fhéadfar éilimh thar a bheith mór, e.g éilimh tar éis tubaiste, a láimhseáil (féach pointe (k) de mhír 4.165).

Maidir leis na suimeanna a fhaigheann éilitheoirí, ní gnách go dtiomnaítear iad d'aon chríoch ar leith agus ní gá go ndeiseofar nó go n-athchuirfear earraí nó sócmhainní a ndearnadh damáiste dóibh nó a scriosadh.

Tagann éilimh chun cinn de dheasca damáiste nó gortú do mhaoin nó do phearsa tríú páirtithe arb iad na sealbhóirí polasaí is cúis leis. I gcásanna den sórt sin, déantar éilimh bhailí a thaifeadadh mar shuimeanna is infíochta go díreach ag an ngnóthas árachais leis na páirtithe díobháilithe seachas go hindíreach tríd an sealbhóir polasaí.

4.116 Ríomhtar glanphréimheanna agus glanéilimh athárachais ar an mbealach ceannann céanna leis an mbealach a ríomhtar phréimheanna agus éilimh árachais neamhshaoil. Ó tharla go bhfuil tionscal an athárachais comhchruinnithe i roinnt bheag tíortha, is le haonaid neamhchónaitheacha atá formhór na bpolasaithe athárachais.

Féadfaidh aonaid áirithe, aonaid rialtais go háirithe, ráthaíocht a sholáthar i gcoinne mainneachtana féichiúnaí, faoi choinníollacha arb ionann iad agus na coinníollacha a bhaineann le hárachas neamhshaoil. Tarlaíonn sé sin nuair a eisiatar go leor ráthaíochtaí agus gur féidir meastachán cruinn go leor a dhéanamh ar an leibhéal iomlán mainneachtana. I gcásanna den sórt sin, láimhseáiltear na táill a íoctar (agus an t-ioncam ó mhaoin a thuilltear astu) ar an mbealach céanna a láimhseáiltear préimheanna árachais neamhshaoil agus láimhseáiltear na glaonna faoi na ráthaíochtaí iasachta caighdeánaithe ar an mbealach céanna a láimhseáiltear éilimh árachais neamhshaoil.

4.117 Tráth taifeadta: déantar éilimh árachais neamhshaoil a thaifeadadh tráth a tharlaíonn an timpiste nó an teagmhas eile a bhfuil an t-áracháí faoi árachas ina (h)aghaidh.

Mar seo a leanas a thaifeadtar iad:

- (a) úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na ngnóthas árachais cónaitheach;
- (b) úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás ngnóthas árachais neamhchónaitheach);

- (c) acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-earnálacha is tairbhíthe;
- (d) acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás tairbhíthe neamhchónaitheacha).

Aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta (D.73)

- 4.118 *Sainmhíniú:* áirítear in aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta (D.73) aistrithe idir fo-earnálacha éagsúla de chuid an rialtais ghinearálta (an rialtas láir, an rialtas stáit, an rialtas áitiúil agus cistí slándála sóisialta) cé is moite de chánacha, fóirdheontais, deontais infheistíochta agus aistrithe eile caipitil.

Ní áirítear idirbhearta thar ceann aonaid eile in aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta (D.73); ní dhéantar iad sin a thaifeadh ach aon uair amháin sna cuntais, faoi acmhainní an aonaid is tairbhí a ndéantar an t-idirbheart thar a cheann (féach mír 1.78). Tagann an cor seo chun cinn, go háirithe, nuair a bhailíonn gníomhaireacht rialtais (e.g. roinn de chuid an rialtais láir) cánacha a aistrítear go huathoibríoch, ina n-iomláine nó i bpáirt, chuig gníomhaireacht eile rialtais (e.g. údarás áitiúil). I gcásanna den sórt sin, taispeántar na fáiltais ó cháin i gcomhair na gníomhaireachta eile rialtais faoi mar a bhaileodh an ghníomhaireacht sin iad go díreach seachas mar aistriú reatha laistigh den rialtas láir. Tá feidhm ag an réiteach go háirithe maidir le cánacha i gcomhair gníomhaireachta eile rialtais atá i bhfoirm rátaí breise arna bhforleagan ar chánacha arna dtobhach ag an rialtas láir. Déantar iontrálacha faoi “cuntais eile infhála/iníochta” sa chuntas airgeadais de dheasca moilleanna agus na cánacha á gcur ar aghaidh ón gcéad aonad rialtais go dtí an dara haonad rialtais.

Áirítear in aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta aistrithe fáiltais ó cháin mar chuid de bhloc-aistriú ón rialtas láir chuig gníomhaireacht eile rialtais. Ní fhreagraíonn aistrithe den sórt sin d’aon chatagóir ar leith cánacha agus ní dhéantar iad go huathoibríoch, déantar iad go príomha trí bhíthin cistí áirithe (cistí contae agus cistí údarais áitiúil) i gcomhréir le scálaí cionroinnte arna leagan síos ag an rialtas láir.

- 4.119 Tráth taifeadta: Déantar aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta a thaifeadh tráth a ordáitear na rialacháin atá i bhfeidhm amhlaidh.
- 4.120 Déantar aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta a thaifeadh mar úsáidí agus acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim fho-earnálacha an rialtais ghinearálta. Sreafaí laistigh d’earnáil an rialtais ghinearálta is ea aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta; ní thaispeántar iad i gcuntas comhdhlúite don earnáil ina hiomláine.

Comhar idirnáisiúnta reatha (D.74)

- 4.121 *Sainmhíniú:* áirítear i gcomhar idirnáisiúnta reatha (D.74) gach aistriú, in airgead nó i gcomhchineál, idir an rialtas ginearálta agus rialtais nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa chuid eile den domhan, cé is moite de dheontais infheistíochta agus aistrithe eile caipitil.

- 4.122 Cuimsíonn ceannteideal D.74 an méid seo a leanas:

- (a) ranníocaíochtaí an rialtais le heagraíochtaí idirnáisiúnta (gan cánacha is iníochta ag ball-rialtas le heagraíochtaí fornáisiúnta a áireamh);
- (b) aistrithe reatha a fhaigheann an rialtas ginearálta ó na hinstiúidí nó ó na heagraíochtaí dá dtagraítear faoi phointe (a). Déantar na haistrithe reatha a chuireann instiúidí an Aontais Eorpaigh díreach chuig táirgeoirí cónaitheacha margaidh a thaifeadh mar fhóirdheontais arna n-íoc ag an gcuid eile den domhan;
- (c) aistrithe reatha idir rialtais, in airgead (e.g. íocaíochtaí lena mbeartaítear easnaimh i mbuiséid tíortha iasachta nó críoch thar lear a mhaoiniú) nó i gcomhchineál (e.g. contrapháirt bronntanas bia, trealamh mhíleata, cúnaimh éigeandála i ndiaidh tubaistí nádúrtha i bhfoirm bia, éadaí, cógas, etc.);
- (d) pá agus tuarastail a fócann rialtas, instiúid de chuid an Aontais Eorpaigh nó eagraíocht idirnáisiúnta, le comhairleoirí nó le saineolaithe cúnaimh theicniúil a chuirtear ar fáil do thíortha i mbéal forbartha.

Áirítear i gcomhar idirnáisiúnta reatha aistrithe idir an rialtas ginearálta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá lonnaithe sa tír, ós rud é nach láimhseáiltear eagraíochtaí idirnáisiúnta mar aonaid instiúideacha chónaitheacha de chuid na dtíortha ina bhfuil siad lonnaithe.

- 4.123 Tráth taifeadta: tráth a ordáíonn na rialacháin atá i bhfeidhm na haistrithe a dhéanamh (i gcás aistrithe éigeantacha), nó tráth a dhéantar na haistrithe (i gcás aistrithe deonacha).

4.124 Mar seo a leanas a thaifeadtar comhar idirnáisiúnta reatha:

- (a) úsáidí agus acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim earnáil an rialtais ghinearálta;
- (b) úsáidí agus acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

Aistrithe reatha ilghnéitheacha (D.75)

Aistrithe reatha chuig INBFTanna (D.751)

4.125 *Sainmhíniú:* áirítear in aistrithe reatha chuig INBFTanna gach ranníocaíocht dheonach (seachas leagáidí), gach suibscríbhinn ballraíochta agus gach cúnadh airgeadais a fhaigheann INBFTanna ó theaghlaiigh (teaghlaiigh neamhchónaitheacha san áireamh) agus ó aonaid eile.

4.126 Tá an méid seo a leanas ar áireamh in aistrithe reatha chuig INBFTanna:

- (a) suibscríbhinní rialta a íocann teaghlaiigh le ceardchumainn agus le heagraíochtaí polaitiúla, spóirt, cultúrtha, reiligiúnacha etc. arna n-aicmiú in earnáil na INBFTanna;
- (b) ranníocaíochtaí deonacha (seachas leagáidí) ó theaghlaiigh, ó ghnóthais corparáideacha agus ón gcuid eile den domhan le INBFTanna, lena n-áirítear aistrithe comhchineáil i bhfoirm bronntanas bia, éadaí, fluideanna, cógas, etc. chuig carthanais lena ndáileadh ar theaghlaiigh chónaitheacha nó neamhchónaitheacha. Láimhseáiltear earraí chun críoch tomhaltais ar an mbealach céanna, ó tharla go dtaifeadtar aistrithe bronntanas mór (earraí luachmhara a láimhseáiltear mar shócmhainní neamhairgeadais) in aistrithe caipitil eile (D.99) (féach pointe (e) de mhír 4.165).

Ní thaifeadtar mar aistrithe aon earraí neamh-inmhianaithe nó úsáidte a thugann teaghlaiigh mar bhronntanas;

- (c) cúnadh agus deontais ón rialtas ginearálta, seachas aistrithe a dhéantar chun na críche sonraí caiteachas caipitiúil a mhaoiniú; taispeántar na haistrithe sin faoi dheontais infheistíochta.

Ní áirítear in aistrithe reatha chuig INBFTanna táillí ballraíochta nó suibscríbhinní ballraíochta a íoctar le hinsti-tiúidí neamhbhrabúis margaidh a fhónann do ghnóthais, amhail comhlachais lucht tráchtála nó comhlachais trádála; láimhseáiltear iad mar íocaíochtaí as seirbhísí arna soláthar.

4.127 Tráth taifeadta: déantar aistrithe reatha chuig INBFTanna a thaifeadadh tráth a dhéantar iad.

4.128 Mar seo a leanas a thaifeadtar INBFTanna:

- (a) úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-earnálacha a dhéanann na ranníocaíochtaí;
- (b) úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha;
- (c) acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim earnáil na INBFTanna.

Aistrithe reatha idir teaghlaiigh (D.752)

4.129 *Sainmhíniú:* is éard atá in aistrithe reatha idir teaghlaiigh (D.752) gach aistriú reatha in airgead nó i gcomhchineál a dhéanann teaghlaiigh chónaitheacha le teaghlaiigh eile chónaitheacha nó neamhchónaitheacha nó a fhaigheann teaghlaiigh chónaitheacha ó theaghlaiigh eile chónaitheacha nó neamhchónaitheacha. Cuimsíonn siad, go háirithe, seoltáin a chuireann eisimircigh nó oibríthe atá lonnaithe go buan ar an gcoigríoch (nó atá ag obair ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse bliana nó níos faide) chuig daoine dá dteaghlach atá ina gcónaí ina dtír dhúchais, nó a chuireann tuismitheoirí chuig páistí atá in áit eile.

4.130 Tráth taifeadta aistrithe reatha idir teaghlaiigh: tráth a dhéantar an t-aistriú.

4.131 Mar seo a leanas a thaifeadtar aistrithe reatha idir teaghlaiigh:

- (a) úsáidí agus acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na dteaghlach;
- (b) úsáidí agus acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

Aistrithe reatha ilghnéitheacha eile (D.759)

Fíneálacha agus pionóis

4.132 *Sainmhíniú:* láimhseáiltear fíneálacha agus pionóis a fhorchuireann cúirteanna dlí nó comhlachtaí garbhreithiúnacha ar aonaid institiúideacha ar an mbealach céanna a láimhseáiltear aistrithe reatha ilghnéitheacha eile (D.759).

4.133 Ní áirítear an méid seo a leanas in aistrithe reatha ilghnéitheacha eile (D.759):

- (a) fíneálacha agus pionóis a fhorchuireann údaráis chánach as imghabháil cánacha nó as íocaíocht dhéanach cánacha agus nach féidir a aithint thar na cánacha féin agus a leanann de bheith aicmithe mar chánacha;
- (b) táillí a íoctar chun ceadúnais a fháil, is é sin cánacha nó íocaíochtaí as seirbhísí arna soláthar ag aonaid rialtais.

4.134 Tráth taifeadta: déantar fíneálacha agus pionóis a thaifeadadh tráth a thagann na dliteanais chun cinn.

Crannchuir agus cearrbhachas

4.135 *Sainmhíniú*: tá dhá ghné i gceist sna suimeanna a íoctar ar thicéid crannchuir nó a chuirtear mar gheallta: muirear seirbhíse a íoctar leis an aonad a eagraíonn an crannchuir nó an cearrbhachas agus aistriú reatha iarmharach a íoctar leis na buaiteoirí.

Féadfaidh an muirear seirbhíse a bheith mór go leor agus féadfaidh sé cánacha ar tháirgeadh seirbhísí cearrbhachais a chuimsiú. Sa chóras, meastar go ndéantar na haistrithe go díreach idir na daoine sin a ghlacann páirt sa chrannchuir nó sa chearrbhachas, is é sin le rá, idir teaghlaigh. Sa chás go nglacann teaghlaigh neamhchónaitheacha páirt iontu is féidir móraistrithe glana a eascrú idir earnáil na dteaghlach agus an chuid eile den domhan.

Tráth taifeadta: déantar aistrithe reatha iarmharacha a thaifeadadh tráth a dhéantar iad.

Íocaíochtaí cúitimh

4.136 *Sainmhíniú*: is éard atá in íocaíochtaí cúitimh aistrithe reatha a íocann aonaid institiúideacha le haonaid institiúideacha eile mar chúiteamh i leith gortú do dhaoine nó damáiste do mhaoín, gan íocaíochtaí i leith éileamh árachais neamhshaoil a áireamh. Is éard atá in íocaíochtaí cúitimh íocaíochtaí éigeantacha a dhámhann cúirt dlí nó íocaíochtaí deonacha arna gcomhaontú lasmuigh den chúirt. Cuimsíonn an ceannteideal seo íocaíochtaí deonacha a dhéanann aonaid rialtais nó INBFTanna mar chúiteamh i leith gortuithe nó damáiste ar tubaistí nádúrtha, seachas na cinn sin atá aicmithe mar aistrithe reatha, ba chúis leo.

4.137 Tráth taifeadta: déantar íocaíochtaí cúitimh a thaifeadadh tráth a dhéantar iad (íocaíochtaí deonacha) nó tráth atá siad dlite (íocaíochtaí éigeantacha).

4.138 Cineálacha eile aistrithe ilghnéitheacha reatha eile:

- (a) aistrithe reatha nach cánacha iad ó INBFTanna chuig an rialtas ginearálta;
- (b) íocaíochtaí ón rialtas ginearálta le gnóthais phoiblí arna n-aicmiú mar ghnóthais neamhairgeadais corparáideacha agus gnóthais shamhailchorparáideacha lena mbeartaítear muirir pinsin neamhghnácha a chumhdach;
- (c) comhaltachtaí taistil agus dámhachtainí taistil a íocann an rialtas ginearálta nó INBFTanna le teaghlaigh chónaitheacha agus neamhchónaitheacha;
- (d) íocaíochtaí bónais i leith coigiltis a dheonaíonn an rialtas ginearálta go tráthrialta ar theaghlaigh mar chúiteamh dóibh ar choigilt a dhéanamh i rith na tréimhse;
- (e) aisíocaíochtaí a dhéanann teaghlaigh i leith caiteachas arna thabhtú thar a gceann ag eagraíochtaí leasa shóisialta;
- (f) aistrithe reatha ó INBFTanna chuig an gcuid eile den domhan;
- (g) urraíocht a dhéanann corparáidí más rud é nach féidir a mheas gur ceannacháin fógraíochta nó seirbhísí eile (mar shampla, aistrithe ar son dea-chúise, nó scoláireachtaí) atá sna híocaíochtaí sin;
- (h) aistrithe reatha ón rialtas ginearálta chuig teaghlaigh ina gcáil mar thomhaltóirí, mura bhfuil siad taifeadta mar shochair shóisialta;
- (i) an t-aistriú contrapháirte ón mBanc Ceannais chuig IAAnna (S.122 agus S.125) chun tomhaltas idirmheánach an chuid sin d'aschur an Bhainc Cheannais a shanntar go neamhdhíreach a chumhdach (féach Caibidil 14: FISIM).

4.139 Tráth taifeadta: déantar na haistrithe atá liostaithe in 4.138 a thaifeadadh tráth a dhéantar iad, seachas na haistrithe sin ón rialtas ginearálta nó chuig an rialtas ginearálta, aistrithe a thaifeadtar tráth atá siad dlite.

Mar seo a leanas a léirítear aistrithe reatha ilghnéitheacha eile:

- (a) acmhainní agus úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-earnálacha uile;

(b) acmhainní agus úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

Acmhainní dílse an ae atá bunaithe ar cbl agus oin (ollioncam náisiúnta) (d.76)

4.140 *Sainmhíniú:* is éard atá i dtríú agus i gceathrú acmhainn dhílis an AE atá bunaithe ar CBL agus OIN (D. 76) aistrithe reatha arna n-íoc ag rialtas ginearálta gach Ballstáit le hinstiúidí an Aontais Eorpaigh.

Is éard atá i dtríú acmhainn dílis an AE atá bunaithe ar CBL (D.761) agus i gceathrú acmhainn dílis an AE atá bunaithe ar OIN (D.762) ranníocaíochtaí le buiséad institiúidí an Aontais. Bunaítear leibhéal ranníocaíochta gach Ballstáit ar leibhéal a mboinn CBL agus ar a OIN.

Tá ar áireamh i gceannteideal D.76 freisin ranníocaíochtaí ilghnéitheacha neamhchánacha de chuid an rialtais le hinstiúidí an Aontais Eorpaigh (D.763).

Tráth taifeadta: Taifeadtar tríú agus ceathrú acmhainn dílis atá bunaithe ar CBL agus OIN nuair atá siad dlite le híoc.

Mar seo a leanas a thaifeadtar tríú agus ceathrú acmhainn dílis atá bunaithe ar CBL agus OIN:

(a) úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim an rialtais ghinearálta;

(b) acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha.

COIGEARTÚ I LEITH AN ATHRAITHE AR THEIDLÍOCHTAÍ PINSIN (D.8)

4.141 *Sainmhíniú:* is éard atá sa choigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin (D.8) an coigeartú is gá ionas go léireofar i gcoigilt na dteaghlach an t-athrú ar na teidlíochtaí pinsean a bhfuil éileamh cinnte ag teaghlaigh ina leith. Is ó ranníocaíochtaí agus sochair arna dtaifeadadh sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim a eascraíonn an t-athrú ar theidlíochtaí pinsin.

4.142 Ó tharla go meastar, i gcuntais airgeadais agus i gcláir chomhordaithe an chórais, gur faoi úinéireacht na dteaghlach atá teidlíochtaí pinsean, tá gá le hítim choigeartaithe ionas go n-áiritheofar nach ndéanfaidh aon bharráocht íocaíochtaí pinsin os cionn fáltas ó phinsin aon dífead do choigilt na dteaghlach.

Chun an éifeacht sin a neodrú, déantar coigeartú atá cothrom leis an méid seo a leanas:

luach iomlán ranníocaíochtaí sóisialta iarbhir agus barúlacha i leith pinsean is iníochta isteach i scéimeanna pinsean a bhfuil éileamh cinnte ag teaghlaigh ina leith

móide luach iomlán na bhforlíontaí ranníocaíochta atá iníochta as ioncam ó mhaoín atá curtha i leith tairbhithe scéimeanna pinsean

lúide luach na muirear seirbhíse gaolmhar

lúide luach iomlán pinsean arna n-íoc mar shochair árachais shóisialta ag scéimeanna pinsean

a chur le hioncam indiúscartha, nó le hioncam indiúscartha choigeartaithe, na dteaghlach sna cuntais úsáide ioncaim sula ríomhtar an choigilt.

Ar an dóigh sin, is ionann coigilt na dteaghlach agus an choigilt a bheadh ann dá mba rud é nach ndéanfaí ranníocaíochtaí pinsean agus fáltas ó phinsin a thaifeadadh mar aistrithe reatha sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim. Tá gá leis an ítim choigeartaithe seo chun coigilt na dteaghlach a réiteach i ndáil leis an athrú ar a theidlíochtaí pinsean arna dtaifeadadh i gcuntas airgeadais an chórais. Ar ndóigh, tá gá le choigeartuithe sa mhalairt treo i gcuntais úsáide ioncaim na n-aonad atá freagrach as na pinsin a íoc.

4.143 Tráth taifeadta: déantar an coigeartú a thaifeadadh de réir amchlár na sreafaí atá ann.

4.144 Is mar seo a leanas a thaifeadtar an coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin:

(a) úsáidí i gcuntas úsáide ioncaim na n-earnálacha ina bhfuil na haonaid atá freagrach as pinsin a íoc aicmithe;

(b) úsáidí sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha (i gcás institiúidí neamhchónaitheacha);

- (c) acmhainní i gcuntais úsáide ioncaim earnáil na dteaghlach;
- (d) acmhainní sa chuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistriithe reatha (i gcás teaghlach neamhchónaitheach).

AISTRITHE CAIPITIL (D.9)

4.145 *Sainmhíniú:* chun aistriú caipitil a dhéanamh ní mór do dhuine amháin ar a laghad de na páirtithe san idirbheart sócmhainn a fháil nó a dhiúscairt. Is cuma cé acu in airgead nó i gcomhchineál a dhéantar iad, is é toradh a bhíonn orthu athrú, ar cóimhéid, ar na sócmhainní airgeadais nó neamhairgeadais a thaispeántar i gcláir chomhar-daithe páirtí amháin nó an dá pháirtí san idirbheart

4.146 Is éard atá in aistriú caipitil comhchineáil aistriú úinéireachta i leith sócmhainne (seachas fardail agus airgead tirim), nó cealú dliteanais ag creidiúnaí, gan aon chontrapháirt a fháil mar mhalairt air.

Is éard atá in aistriú caipitil in airgead tirim aistriú airgid thirim arna chruinniú ag an gcéad pháirtí trí bhíthin sócmhainn nó sócmhainní (seachas fardail) a dhiúscairt, nó aistriú airgid thirim a bhfuil súil leis go n-úsáidfidh an dara páirtí é, nó a bhfuil sé de cheangal air é a úsáid, chun sócmhainn nó sócmhainní (seachas fardail) a fháil mar éadail. Tá sé ina cheangal ar an dara páirtí, an faighteoir, an t-airgead tirim a úsáid chun sócmhainn nó sócmhainní a fháil mar éadail mar choinníoll faoina ndéantar an t-aistriú.

Ríomhtar luach aistriithe sócmhainne neamhairgeadais de réir an phraghais mheasta ar a bhféadfaí an tsócmhainn, is cuma cé acu sócmhainn nua nó úsáidte a bheadh ann, a dhíol ar an margadh móide aon chostais iompair, suiteála nó aon chostais eile aistriithe úinéireachta arna dtabhú ag an deontóir, ach gan aon chostais dá sórt arna dtabhú ag an bhfaighteoir a chur san áireamh. Déantar aistriithe sócmhainní airgeadais a ríomh ar an mbealach céanna a ríomhtar éadálacha nó diúscairtí eile sócmhainní nó dliteanais airgeadais.

4.147 Áirítear in aistriithe caipitil cánacha caipitil (D.91), deontais infheistíochta (D.92) agus aistriithe caipitil eile (D.99).

Cánacha caipitil (D.91)

4.148 *Sainmhíniú:* is éard atá i gcánacha caipitil (D.91) cánacha a thobhítear go neamh-thráthrialta nó go han-annamh ar luachanna na sócmhainní nó ar an nglanfhiúchas atá ag aonaid institiúideacha nó ar luachanna na sócmhainní arna n-aistriú idir aonaid institiúideacha mar thoradh ar leagáidí, bronntanais idir daoine nó aistriithe eile.

4.149 Áirítear an méid seo a leanas i gcánacha caipitil (D.91):

- (a) cánacha ar aistriithe caipitil: cánacha ar oidhreacht, dleachtanna báis agus cánacha ar bhronntanais idir daoine, a thobhítear ar chaipiteal na dtairbhíthe. Ní áirítear cánacha ar dhíolacháin sócmhainní;
- (b) tobhaigh ar chaipiteal: tobhaigh ócáideacha agus eisceachtúla ar shócmhainní nó ar ghlanluach atá faoi úinéireacht aonaid institiúideach. Ar áireamh orthu sin tá tobhaigh feabhsúcháin, is é sin le rá cánacha ar an méadú ar luach talún talmhaíochta i ngeall ar chead pleanála maidir leis an talamh a fhorbairt chun críocha tráchtála nó cónaithe.

Ní mar chánacha caipitil a thairbhítear cánacha ar ghnóthachain chaipitil, ach mar chánacha reatha ar ioncam, ar rachmas etc.

4.150 As dhá fhoinsé a thagann na cánacha a thairbhítear sna cuntais: suimeanna atá fianaithe le measúnuithe agus dearbhuithe nó le fáiltais airgid.

- (a) Má úsáidtear measúnuithe agus dearbhuithe, déantar na suimeanna a choigeartú le comhéifeacht a léireoidh suimeanna measúnaithe agus suimeanna dearbhaithe nár bailíodh riamh. Rogha eile is ea aistriú caipitil chuig na hearnálacha ábhartha a thairbhítear mar mhéid atá cothrom leis an gchoigeartú. Déantar meastachán ar na comhéifeachtaí ar bhonn tairbhí a fuarthas cheana agus an ionchais reatha i leith suimeanna measúnaithe agus suimeanna dearbhaithe nár bailíodh riamh. Baineann siad go sonrach le cineálacha éagsúla cánacha.
- (b) Má úsáidtear fáiltais airgid, déantar iad a choigeartú de réir ama ionas go luaitear an t-airgead tirim leis an uair a rinneadh an ghníomhaíocht as a d'eascair an dliteanas cánach, nó murab eol sin, nuair a cinneadh suim na cánach. Tá an choigeartú seo bunaithe ar an meándifríocht ama idir an ghníomhaíocht (nó cinneadh shuim na cánach) agus an fáiltais ó cháin.

4.151 Mar seo a leanas a thairbhítear cánacha caipitil:

- (a) athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas (-) i gcuntas caipitil na n-earnálacha ina bhfuil na cáiníocóirí aicmithe;
- (b) athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas (+) i gcuntas caipitil an rialtais ghinearálta;

(c) athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas i gcuntas caipitil an chuid eile den domhan.

Deontais infheistíochta (D.92)

4.152 *Sainmhíniú:* is éard atá i ndeontais infheistíochta (D.92) aistrithe caipitil, in airgead nó i gcomhchineál, arna ndéanamh ag rialtais nó ag an gcuid eile den domhan chuig aonaid institiúideacha eile chónaitheacha nó neamhchónaitheacha, ionas go bhféadfaidh siad na costais ar éadálacha sócmhainní seasta a mhaoiniú ina n-iomláine nó i bpairt.

Áirítear i ndeontais infheistíochta arna ndéanamh ag an gcuid eile den domhan na deontais sin arna n-íoc go díreach ag institiúidí an Aontais Eorpaigh (e.g. aistrithe áirithe arna ndéanamh ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD)).

4.153 Is éard atá i ndeontais infheistíochta comhchineáil aistrithe trealaimh iompair, innealra nó trealaimh eile ag rialtais chuig aonaid eile chónaitheacha nó neamhchónaitheacha agus soláthar díreach foirgneamh nó struchtúr eile d'aonaid chónaitheacha nó neamhchónaitheacha.

4.154 Taifeadtar mar dheontais infheistíochta an luach atá ar fhoirmiú caipitil arna dhéanamh ag an rialtas ginearálta chun leasa earnálacha eile de chuid an gheilleagair aon uair atá an tairbhí inaitheanta agus a fhaigheann sé úinéireacht ar an gcaipiteal. I gcásanna dá leithéidí, déantar an foirmiú caipitil a thaifeadadh mar athruithe ar shócmhainní i gcuntas caipitil an tairbhí agus maoinítear é trí dheontas infheistíochta a thaifeadtar mar athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas sa chuntas céanna.

4.155 Áirítear i ndeontais infheistíochta (D.92) íocaíochtaí cnapshuime arna gceapadh chun foirmiú caipitil a mhaoiniú i rith na tréimhse céanna, agus íocaíochtaí i dtráthchodanna i leith foirmiú caipitil a rinneadh i rith tréimhse níos luaithe. Is mar dheontais infheistíochta a láimhseáiltear na codanna sin de na híocaíochtaí bliantúla a dhéanann an rialtas ginearálta le gnóthais agus ar amúchadh fiacha gnóthais iad ar mhaithe le tionscnaimh foirmithe caipitil de chuid an rialtais.

4.156 Ní áirítear deontais faoisimh i leith úis arna ndéanamh ag an rialtas ginearálta i ndeontais infheistíochta. Idirbheart dáileacháin reatha atá ann nuair a ghlacann údaráis phoiblí cuid de na muirir úis. Mar sin féin, nuair atá dhá chríoch i gceist le deontas, mar atá maoiniú i leith amúchadh an fhéich a tabhaíodh agus maoiniú i ndáil le híocaíocht i leith an úis ar an gcaipiteal a fuarthas ar iasacht, agus nuair nach féidir an dá eilimint sin a scaradh óna chéile, láimhseáiltear an deontas iomlán sna cuntais mar dheontas infheistíochta.

4.157 Áirítear i ndeontais infheistíochta do ghnóthais neamhairgeadais corparáideacha agus samhailchorparáideacha, sa bhreis ar dheontais do ghnóthais phríobháideacha, deontais caipitil do ghnóthais phoiblí atá aitheanta mar aonaid institiúideacha, ar an gcoinníoll nach gcoimeádann an roinn rialtais a thugann an deontas éileamh in aghaidh an ghnóthais phoiblí.

4.158 Áirítear i ndeontais infheistíochta d'earnáil na dteaghlach deontais trealaimh agus nuachóirithe do ghnóthais nach gnóthais chorparáideacha ná samhailchorparáideacha iad agus deontais do theaghlai gh chun teaghaisí a thógáil, a cheannach agus a fheabhsú.

4.159 Áirítear i ndeontais infheistíochta don rialtas ginearálta íocaíochtaí (cé is moite de dheontais faoisimh i leith úis) a dhéantar le fo-earnálacha an rialtais ghinearálta chun na críche foirmiú caipitil a mhaoiniú. Sreafaí laistigh d'earnáil an rialtais ghinearálta is ea deontais infheistíochta laistigh den rialtas ginearálta, agus ní thaispeántar iad i gcuntas comhdhlúite don earnáil ina hiomláine. Samplaí de dheontais infheistíochta laistigh den rialtas ginearálta is ea aistrithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla chun na sainchríche a n-ollfhoirmiú caipitil sheasta a mhaoiniú. Is mar aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta a thaifeadtar aistrithe a dhéantar chun críoch éagsúla neamhchinnitithe, fiú amháin má úsáidtear iad chun caiteachas ar fhoirmiú caipitil a chumhdach.

4.160 Úsáidtear na critéir atá leagtha síos i mír 4.159 chun idirdhealú a dhéanamh idir deontais infheistíochta d'institiúidí neamhbhrabúis ón rialtas ginearálta agus ón gcuid eile den domhan agus aistrithe reatha chuig institiúidí neamhbhrabúis.

4.161 Tá deontais infheistíochta don chuid eile den domhan teoranta d'aistrithe a bhfuil an cuspóir sonrach leo foirmiú caipitil aonad neamhchónaitheach a mhaoiniú. Áirítear orthu, mar shampla, aistrithe gan chontrapháirteanna i gcomhair tógáil droichead, bóithre, monarchana, ospidéal nó scoileanna i dtíortha i mbéal forbartha, nó i gcomhair tógáil foirgneamh le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta. Féadfaidh siad íocaíochtaí i dtráthchodanna thar thréimhse ama chomh maith le híocaíochtaí aonair a chuimsiú. Cuimsíonn an ceannnteideal seo freisin soláthar earraí caipitil sheasta saor in aisce nó ag luach laghdaithe.

4.162 Tráth taifeadta: déantar deontais infheistíochta in airgead tirim a thaifeadadh tráth atá an íocaíocht le déanamh. Déantar deontais infheistíochta chomhchineáil a thaifeadadh tráth a aistrítear úinéireacht na sócmhainne.

4.163 Mar seo a leanas a thaifeadtar deontais infheistíochta:

(a) athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas (-) i gcuntas caipitil an rialtais ghinearálta;

- (b) athruithe ar dhliteanas agus ar ghlanfhiúchas (+) i gcuntas caipitil na n-earnálacha a fhaigheann na deontais;
- (c) athruithe ar dhliteanas agus ar ghlanfhiúchas i gcuntas caipitil an chuid eile den domhan.

Aistrithe caipitil eile (D.99)

4.164 *Sainmhíniú:* cuimsíonn aistrithe caipitil eile (D.99) aistrithe seachas deontais infheistíochta agus cánacha caipitil nach n-athdháileann ioncam iad féin ach a athdháileann coigilt nó rachmas i measc earnálacha nó fho-earnálacha éagsúla an gheilleagair nó an chuid eile den domhan. Is féidir iad a dhéanamh in airgead nó i gcomhchineál (i gcás ina nglactar fiacha nó ina gcealaítear fiacha) agus freagraíonn siad d'aistrithe deonacha rachmais.

4.165 Áirítear na hidirbhearta seo a leanas in aistrithe caipitil eile (D.99):

- (a) íocaíochtaí a dhéanann an rialtas ginearálta nó an chuid eile den domhan le húinéirí earraí caipitil a scriostar nó a ndéantar damáiste dóibh mar gheall ar ghníomhartha cogaidh, teagmhais eile pholaitiúla nó tubaistí nádúrtha (tuilte etc.);
- (b) aistrithe ón rialtas ginearálta chuig gnóthais neamhairgeadais corparáideacha agus samhailchorparáideacha chun cailteanas a carnadh thar roinnt blianta airgeadais a chumhdach, nó chun cailteanas eisceachtúla mar gheall ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an ngnóthas orthu a chumhdach (fiú amháin i gcás instealladh caipitil);
- (c) aistrithe idir fho-earnálacha an rialtais ginearálta a ceapadh chun caiteachas gan choinne nó easnaimh charntha a chumhdach. Sreafaí laistigh d'earnáil an rialtais ginearálta is ea aistrithe den sórt sin idir fho-earnálacha an rialtais ginearálta, agus ní thaispeántar iad i gcuntas comhdhlúite don earnáil ina hiomláine;
- (d) íocaíochtaí bónaís neamh-athfhillteacha i leith coigiltis arna ndeontú ag an rialtas ginearálta do theaghlach chun cúiteamh a thabhairt dóibh as coigilt a dhéanamh thar thréimhse roinnt blianta;
- (e) leagáidí, bronnánais mhóra idir daoine, agus deontais idir aonaid a bhaineann le hearnálacha éagsúla, lena n-áirítear leagáidí nó bronnánais mhóra a thugtar d'institiúidí neamhbhrabúis. Samplaí de bhronnánais d'institiúidí neamhbhrabúis is ea bronnánais a thugtar d'ollscoileanna chun costais tógála foirgneamh, leabharlann, saotharlann nua etc. a chumhdach;
- (f) an t-idirbheart contrapháirte i leith cealú fiach trí chomhaontú idir aonaid institiúideacha atá in earnálacha nó i bhfo-earnálacha éagsúla (mar shampla, rialtas ag cealú fiach atá aige ar thír iasachta; íocaíochtaí chun ráthaíochtaí a chomhlíonadh lena scaoiltear óna n-oibleagáidí féichiúnaithe atá ag loiceadh) — cé is moite den chás ar leith atá i gceist le cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta is iníochta le hearnáil an rialtais ginearálta (féach pointe (j)). Láimhseáiltear cealú dá leithéid a dhéantar trí chomhaontú frithpháirteach mar aistriú caipitil ón gcreidiúnaí chuig an bhféichiúnaí atá cothrom le luach an fhéich gan íoc tráth an chealaithe. Ar an dóigh chéanna, is aistriú caipitil eile an t-idirbheart contrapháirte a dhéantar nuair a ghlactar fiacha agus nuair a dhéantar idirbhearta comhchosúla (gníomhachtú ráthaíochtaí a bhaineann le scéimeanna ráthaíochta neamhchaighdeánaithe, nó athsceidealú fiach ina múchtar nó ina n-aistrítear cuid den fhiach). Ní áirítear an méid seo a leanas, áfach:
 - (1) cealú éileamh airgeadais in aghaidh samhailchorparáidí agus glacadh dliteanas ó shamhailchorparáidí ag úinéir na samhailchorparáide. Láimhseáiltear an cás sin mar idirbheart cothromais agus scaireanna i gcistí infheistíochta (F.5);
 - (2) cealú fiach in aghaidh corparáide poiblí agus glacadh fiach ó chorparáid phoiblí ag rialtas a imíonn as an gcóras mar aonad institiúideach. Taifeadtar an t-athrú sin i gcuntas na n-athruithe eile ar mhéid na sócmhainní (K.5);
 - (3) cealú fiach in aghaidh corparáide poiblí agus glacadh fiach ó chorparáid phoiblí ag rialtas mar chuid de phróiseas leanúnach príobháidithe atá le cur i gcrích sa ghearrthéarma. Láimhseáiltear an cás sin mar idirbheart cothromais agus scaireanna i gcistí infheistíochta (F.5).

Ní idirbheart idir aonaid institiúideacha é díscríobh fiach agus, dá bhrí sin, ní thairfeadtar é sa chuntas caipitil ná sa chuntas airgeadais. Má chinneann an creidiúnaí díscríobh dá leithéid a dhéanamh, tairfeadtar é sna hathruithe eile i gcuntas athruithe eile ar mhéid sócmhainní an chreidiúnaí agus an fhéichiúnaí. Láimhseáiltear soláthar in aghaidh drochfhiach mar iontrálacha leabharchoimeáda inmheánacha de chuid an aonaid táirgeora agus ní thairfeadtar iad ach amháin i gcás cailteanas ionchais i leith iasachtaí neamhthuillmeacha; tairfeadtar iad sin mar ítimí le meabhrú sna cláir chomhardaithe. Má shéanann féichiúnaí fiach go haontaobhach, ní láimhseáiltear é mar idirbheart ach oiread agus ní thairfeadtar é;

- (g) an chuid sin de ghnóthachain chaipitil (nó cailteanas chaipitil) réadaithe a athdháiltear ar earnáil eile, mar shampla, gnóthachain chaipitil arna n-athdháileadh ag cuideachtaí árachais ar theaghlach. Mar sin féin, déantar idirbhearta contrapháirte aistrithe fáltas ó phríobháidíú arna ndéanamh go hindíreach (trí chuideachta shealbháochta mar shampla) chuig an rialtas ginearálta a thairfeadh mar idirbhearta cothromais agus scaireanna i gcistí infheistíochta (F.5) agus, dá bhrí sin, ní bhíonn aon tionchar díreach acu ar leibhéal ghlaniasachtú/ghlaniasachtaíocht an rialtais ginearálta;

- (h) íocaíochtaí móra mar chúiteamh i ndamáiste nó gortú nach bhfuil cumhdaithe ag polasaithe árachais (cé is moite d'íocaíochtaí a dhéanann an rialtas ginearálta nó an chuid eile den domhan agus a bhfuil tuairisc air i bpointe (a)). Bronnann cúirteanna dlí na híocaíochtaí nó socraítear lasmuigh den chúirt iad. Samplaí de sin is ea íocaíochtaí cútímh i leith damáiste de bharr pléaschtaí móra, doirte ola, fo-iarsmaí drugaí, etc.;
- (i) íocaíochtaí neamhghnácha isteach i gcistí árachais shóisialta arna ndéanamh ag fostóirí (an rialtas san áireamh) nó ag an rialtas (mar chuid dá fheidhm shóisialta), a mhéad a ceapadh na híocaíochtaí sin chun cúlchistí achtúireacha na gcistí sin a mhéadú. Déantar an coigeartú coimhdeach ó chistí árachais shóisialta chuig teaghlaigh a thaifeadadh freisin mar aistriú caipitil eile (D.99);
- (j) nuair a thaifeadtar cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha le hearnáil an rialtais ghinearálta ar bhonn measúnaithe agus dearbhuithe, neodraítear, i rith na tréimhse céanna cuntasáíochta, an chuid sin nach dealraitheach go mbaileofar í. Déantar é sin trí bhíthin “Aistriú caipitil eile” (D.99), a thaifeadadh mar iontráil faoi D.995, idir an rialtas ginearálta agus na hearnálacha ábhartha. Foroinntear D.995 de réir chódú na gcánacha éagsúla agus na ranníocaíochtaí sóisialta éagsúla lena mbaineann;
- (k) socrúithe árachais tar éis tubaiste: tar éis do tubaiste tarlú, déantar luach iomlán na n-éileamh a bhaineann leis an tubaiste, de réir fhaisnéis an tionscail árachais, a thaifeadadh mar aistriú caipitil ó na corparáidí árachais chuig na sealbhóirí polasáí. I gcás nach féidir le tionscail an árachais faisnéis maidir leis na héilimh a bhaineann leis an tubaiste a sholáthar, is é an difear idir na héilimh iarbhair agus na héilimh choigeartaithe le linn tréimhse na tubaiste luach measta na n-éileamh a bhaineann leis an tubaiste;
- (l) sócmhainní arna dtógáil go comhpháirteach a nglacann an rialtas freagracht as a gcothabháil ina dhiaidh sin.

4.166 Is mar seo a leanas a chinntear an tráth taifeadta:

- (a) déantar aistriú caipitil eile in airgead tirim a thaifeadadh tráth atá an íocaíocht le déanamh;
- (b) déantar aistriú caipitil eile comhchineáil a thaifeadadh tráth a aistrítear úinéireacht na sócmhainne nó tráth a chealaíonn an creidiúná an dliteanas.

4.167 Taispeántar aistriú caipitil eile faoi athruithe ar dhliteanas agus ar ghlanfhiúchas i gcuntas caipitil na n-earnálacha agus sa chuntas caipitil don chuid eile den domhan.

SCAIR-ROGHANNA FOSTAITHE (ESOanna)

- 4.168 Cineál ar leith ioncain chomhchineáil atá sa chleachtas arb é atá go dtugann an fostóir rogha don fhostaí stoic (scaireanna) a cheannach ag praghas sonraithe tráth éigin sa todhchaí. An rogha a bheith ag fostaithe stoic a cheannach (ESO), tá sé cosúil le díorthach airgeadais agus is féidir leis an bhfostaí gan an rogha a fheidhmiú toisc go bhfuil praghas na scaire níos ísle ná an praghas ar a bhféadfadh sé an rogha a ghlacadh nó toisc nach bhfuil sé fostaithe a thuilleadh ag an bhfostóir sin agus go bhfuil an rogha cailte aige dá bhrí sin.
- 4.169 De ghnáth, cuireann an fostóir in iúl dá bhfostaithe go bhfuil cinneadh déanta scair-roghanna a chur ar fáil ar phraghas áirithe (an praghas ceangail nó an praghas feidhmithe) tar éis tréimhse áirithe ama agus faoi choinníollacha áirithe (e.g. go bhfuil an fostaí fós fostaithe ag an ngnóthas, nó ar bhonn fheidhmiúcht an ghnóthais). Ní mór tráth taifeadta scair-rogha an fhostaí sna cuntais náisiúnta a shonrú go han-bheacht. Is éard atá in “dáta an deonaithe” an dáta a chuirtear an rogha ar fáil don fhostaí; is éard atá in “dáta an dílsithe” an dáta is luaithe is féidir an rogha a fheidhmiú; agus is éard atá in “dáta an fheidhmithe” an dáta iarbhair ar a bhfeidhmítear (nó ar a n-éagann) an rogha.
- 4.170 De réir mholtaí cuntasóireachta an Bhoird um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasáíochta (IASB) ba cheart don ghnóthas luach cóir na roghanna ar dháta an deonaithe a ríomh trí bhíthin phraghas ceangail na scaireanna ag an uair sin a iolrú faoi líon na roghanna a mheasfar a bheidh infheidhmithe ar dháta an dílsithe agus é a roinnt ar líon na mblianta seirbhíse a mheasfar a sholáthrófar go dtí dáta an dílsithe.
- 4.171 I CCE, mura bhfuil praghas margaidh inbhraite ann ná meastachán arna dhéanamh ag an gcorparáid i gcomhréir leis na moltaí thuasluaite, féadfar luacháil na roghanna a ríomh le samhail praghsála scair-roghanna. Is é is aidhm le samhail den sórt sin dhá éifeacht a léiriú i luach na rogha. Is é an chead cheann réamh-mheastachán a dhéanamh ar an méid a sháróidh praghas margaidh na scaireanna i gceist an praghas ceangail ar dháta an dílsithe. Lígeann an dara ceann an t-ionchas a chur san áireamh go dtiocfaidh méadú eile ar an bpraghas idir dáta an dílsithe agus dáta an feidhmithe.
- 4.172 Sula bhfeidhmítear an rogha, is de chineál díorthaigh airgeadais an socrú idir an fostóir agus an fostaí agus is mar sin a léirítear é i gcuntais airgeadais an dá pháirtí.
- 4.173 Tá meastachán le déanamh ar dháta an dheontais ar an luach atá ar an rogha a bheith ag fostaithe stoic a cheannach. Ní mór an méid sin a áireamh mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe agus é roinnte, más féidir é, thar an tréimhse idir dáta an deonaithe agus dáta an dílsithe. Mura féidir sin, ní mór luach na rogha a thaifeadadh ar dháta an dílsithe.

- 4.174 Is é an fostóir a iompróidh na costais a bhaineann le rogha a bheith ag fostaithe scaireanna a cheannach agus láimhseáiltear iad mar chuid de thomhaltas idirmheánach, mar an gcéanna le haon fheidhmeanna riaracháin eile a bhaineann le cúiteamh d'fhostaithe.
- 4.175 Cé go láimhseáiltear luach na scair-rogha mar ioncam, ní bhaineann aon ioncam ó infheistíocht le rogha a bheith ag fostaithe scaireanna a cheannach.
- 4.176 Sa chuntas airgeadais, baineann na roghanna chun stoic a cheannach a fhaigheann teaghlaigh leis an gcuid chomhfhreagrach de chúiteamh d'fhostaithe mar aon le dliteanas contrapháirteach de chuid an fhostóra.
- 4.177 I bprionsabal, ní mór aon athrú a thagann ar an luach idir dáta an deonaithe agus dáta an dílsithe a láimhseáil mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe, ach is mar ghnóthachan sealúchais nó cailleanais seachas mar chúiteamh d'fhostaithe a láimhseáiltear aon athrú a thagann ar an luach idir dáta an dílsithe agus dáta an fheidhmithe. Sa chleachtas, tá sé thar a bheith neamhdhóchúil go dtiocfaidh athrú idir dáta an deonaithe agus dáta an dílsithe ar an meastachán ar an gcostas a iompraíonn fostóirí i ngeall ar roghanna a bheith ag fostaithe scaireanna a cheannach. Dá bhrí sin, ar mhaithe le praiticiúlacht, is mar ghnóthachan sealúchais nó cailleanais a láimhseáiltear iomlán an mhéadaithe idir dáta an deonaithe agus dáta an fheidhmithe. Nuair a thagann méadú ar luach na scair-rogha os cionn an phraghais cheangail, is gnóthachan sealúchais atá ann i gcás an fhostaí agus is cailleanais sealúchais atá ann i gcás an fhostóra, agus a mhalairt.
- 4.178 Nuair a fheidhmítear an rogha a bheith ag fostaithe scaireanna a cheannach (ESO), imíonn an iontráil ar an gclár comhordaithe agus cuirtear ina háit luach na stoc (na scaireanna) arna bhfáil. Is trí idirbhearta sa chuntas airgeadais seachas trí chuntas na n-athruithe eile ar mhéid na sócmhainní a dhéantar an t-athrú sin ar aicme.
-

CAIBIDIL 5

IDIRBHEARTA AIRGEADAIS

- 5.01 *Sainmhíniú:* is éard is idirbhearta airgeadais (F) ann, idirbhearta sócmhainní airgeadais (AF) agus dliteanas airgeadais idir aonaid institiúideacha chónaitheacha, agus idir iad agus aonaid institiúideacha neamhchónaitheacha.
- 5.02 Is éard is idirbheart airgeadais idir aonaid institiúideacha ann, cruthú nó leachtú comhuaineach sócmhainne airgeadais agus an dliteanas chontrapháirte, nó athrú ar úinéireacht sócmhainne airgeadais, nó glacadh dliteanas.

GNÉITHE GINEARÁLTA IDIRBHEART AIRGEADAIS

Sócmhainní airgeadais, éilimh airgeadais, agus dliteanas

- 5.03 *Sainmhíniú:* is éard is sócmhainní airgeadais ann, na héilimh airgeadais ar fad, cothromas agus comhpháirt órbhuillin an óir airgeadaíochta.
- 5.04 Is éard is sócmhainní airgeadais ann, stórtha luacha a fhreagraíonn do shochar nó do shraith sochar a thabhaíonn don úinéir eacnamaíoch trí na sócmhainní a shealbhú nó a úsáid thar thréimhse ama. Is modh iad chun luachanna a thabhairt ar aghaidh ó thréimhse chuntasaíochta amháin go tréimhse chuntasaíochta eile. Socraítear sochair trí bhíthin íocaíochtaí, ar airgeadra (AF.21) agus tascí inaistrithe (AF.22) go hiondúil iad.
- 5.05 *Sainmhíniú:* is éard is éileamh airgeadais ann, ceart an chreidiúnaí chun íocaíocht nó sraith íocaíochtaí a fháil ó fhéichiúnaí.
- Is éard is éilimh airgeadais ann, sócmhainní airgeadais a bhfuil dliteanas chomhfhreagracha acu. Láimhseáiltear cothromas agus scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta (AF.5) mar shócmhainn airgeadais lena ngabhann dliteanas comhfhreagrach cé nach suim sheasta é éileamh an tsealbhóra ar an gcorparáid.
- 5.06 *Sainmhíniú:* bunaítear dliteanas nuair a chuirtear d'ibleagáid ar fhéichiúnaí íocaíocht nó sraith íocaíochtaí a sholáthar do chreidiúnaí.
- 5.07 Déantar comhpháirt órbhuillin an óir airgeadaíochta, atá i seilbh údarás airgeadaíochta mar chúlsócmhainn, a láimhseáil mar shócmhainn airgeadais cé nach bhfuil éilimh ag an sealbhóir ar aonaid ainmnithe eile. Níl aon dliteanas comhfhreagrach ann i gcás órbhuillin.

Sócmhainní teagmhasacha agus dliteanas theagmhasacha

- 5.08 *Sainmhíniú:* is éard is sócmhainní teagmhasacha agus dliteanas theagmhasacha ann, comhaontuithe trína gcuirtear d'ibleagáid ar pháirtí amháin íocaíocht nó sraith íocaíochtaí a sholáthar d'aonad eile ar an gcoinníoll go gcomhlíontar coinníollacha sonracha.
- Toisc nach n-eascraíonn oibleagáidí neamhchoinníollacha astu, ní mheastar sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais mar shócmhainní teagmhasacha agus mar dhliteanas theagmhasacha.
- 5.09 Áirítear le sócmhainní teagmhasacha agus le dliteanas theagmhasacha:
- ráthaíochtaí aonuaire go n-íocfaidh tríú páirtithe ós rud é nach gá íoc ach i gcás mhainneachtain an fhéichiúnaí;
 - gealltanais iasachta faoina dtugtar ráthaíocht go gcuirfear cistí ar fáil ach níl ann do shócmhainn airgeadais go dtí go ndéantar na cistí a airleacan iarbhír;
 - litreacha creidmheasa arb ionann iad agus gealltanais go gcuirfear de choinníoll le híocaíocht go dtíolacfar doiciméid áirithe atá sonraithe le conradh;
 - línte creidmheasa arb ionann iad agus gealltanais go dtabharfar iasachtaí do chustaiméir sonraithe faoi réir teorann sonraithe;
 - saoráidí eisiúna nótaí frithgheallta (NIFanna) a thugann ráthaíocht go mbeidh féichiúnaí ionchais in ann urrúis fiachais ghearrthéarmacha ar a dtugtar nótaí a dhíol, agus go ndéanfaidh an banc a eisíonn an tsaoaráid aon nótaí nach ndíolfar ar an margadh a chomhghabháil nó airleacain choibhéiseacha a sholáthar; agus
 - teidlíochtaí pinsean faoi scéimeanna sochar sainithe pinsin fostóirí nach gcistíonn an rialtas, nó scéimeanna slándála sóisialta pinsin. Taifeadtar na teidlíochtaí pinsean sin sa tábla forlíontach faoi theidlíochtaí pinsin fabhraithe chun dáta in árachas sóisialta, agus ní sna bunchuntais.

- 5.10 Ní áirítear le sócmhainní teagmhasacha agus le dliteanais theagmhasacha:
- (a) cúlchistí scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (AF.6);
 - (b) díorthaigh airgeadais (AF.7) nuair atá margadhluach ag na socruithe féin toisc go bhfuil siad intrádála nó gur féidir iad a fhritháireamh ar an margadh.
- 5.11 Cé nach dtaifeadtar sócmhainní teagmhasacha agus dliteanais theagmhasacha sna cuntais, tá siad tábhachtach ó thaobh beartais agus anailíse de, agus is gá faisnéis fúthu a bhailiú agus a thíolacadh mar shonraí forlíontacha. Cé go bhféadfadh sé nach mbeadh aon íocaíochtaí dlite amach anseo do shócmhainní teagmhasacha agus do dliteanais theagmhasacha, d'fhéadfadh leibhéal ard teagmhas leibhéal neamh-inmhianaithe riosca a léiriú ar thaobh na n-aonad a thairgeann iad.

Bosca 5.1 — Ráthaíochtaí a láimhseáil sa chóras

- B5.1.1. *Sainmhíniú:* is éard is ráthaíochtaí ann, socruithe trína ngeallann an ráthóir d'iasachtóir go ndéanfaidh an ráthóir, i gcás mhainneachtain an iasachtóra, an cailteanas a bhainfeadh don iasachtóir sa chás sin a shlánú.

Is minic a bhíonn táille iníochta i leith ráthaíochta a sholáthar.

- B5.1.2. Aithnítear trí chineál éagsúla ráthaíochta. Ní bhaineann siad ach le ráthaíochtaí a thugtar i gcás sócmhainní airgeadais. Níl sé beartaithe cóir speisialta a thabhairt do ráthaíochtaí i bhfoirm barántaí monaróirí ná foirmeacha ráthaíochta eile. Is iad na trí chineál ráthaíochta:

- (a) ráthaíochtaí a thugtar trí dhíorthach airgeadais, amhail babhtáil mainneachtana creidmheasa. Tá díorthaigh den sórt sin bunaithe ar riosca mainneachtana sócmhainní airgeadais tagartha agus níl siad nasctha le hiasachtaí aonair ná le hurrúis fiachais;
- (b) eisítear líon mór ráthaíochtaí caighdeánaithe le chéile, agus eisítear iad do shuimeanna measartha beag de ghnáth. Samplaí díobh sin is ea ráthaíochtaí creidmheasa ar onnmhairí nó ráthaíochtaí ar iasachtaí do mhic léinn. Cé nach bhfuil leibhéal dóchúlachta ann go nglaofar aon ráthaíocht chaighdeánaithe ar leith, ós rud é go bhfuil mórán ráthaíochtaí cosúil le chéile, is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar líon na nglaoanna faoin ráthaíocht. Láimhseáiltear ráthaíochtaí caighdeánaithe mar ráthaíochtaí as a dtagann sócmhainní airgeadais seachas sócmhainní teagmhasacha;
- (c) ráthaíochtaí aonuaire, i gcás nach féidir an riosca gaolmhar a ríomh go cruinn in aon chor, toisc nach bhfuil aon chásanna inchomparáide ann. Meastar gur sócmhainn theagmhasach nó dliteanas teagmhasach é ráthaíocht aonuaire agus ní thairfeadtar é mar shócmhainn airgeadais ná dliteanas airgeadais.

Catagóirí sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

- 5.12 Tá ocht gcatagóir éagsúla de shócmhainní airgeadais ann:

AF.1 Ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta;

AF.2 Airgeadra agus taiscí;

AF.3 Urrúis fiachais;

AF.4 Iasachtaí;

AF.5 Cothromas agus scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta;

AF.6 Scéimeanna pinsean agus árachais agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe;

AF.7 Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe;

AF.8 Cuntais eile infhála/iníochta.

- 5.13 Tá dliteanas contrapháirte ag gach sócmhainn airgeadais, cé is moite de chomhpháirt órbhuillín an óir airgeadaíochta atá i seilbh na n-údarás airgeadaíochta mar chúlsócmhainn atá aicmithe sa chatagóir ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta (F.1). Cé is moite den chás sin amháin, tá ocht gcatagóir de dliteanais ann a fhreagraíonn do chatagóirí na sócmhainní airgeadais contrapháirte.

- 5.14 Freagraíonn aicmiú na n-idirbheart airgeadais d'aicmiú na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais. Tá ocht gcatagóir d'idirbhearta airgeadais ann a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
- F.1 Ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta;
 - F.2 Airgeadra agus taiscí;
 - F.3 Urrúis fiachais;
 - F.4 Iasachtaí;
 - F.5 Cothromas agus scaireanna nó aonad i gcostí infheistíochta;
 - F.6 Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe;
 - F.7 Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe;
 - F.8 Cuntais eile infhála/iníochta.
- 5.15 Mar gheall ar shiméadracht na n-éileamh airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, úsáidtear an téarma "ionstraim" mar théarma a bhaineann le gné na sócmhainne agus an dliteanas d'idirbhearta airgeadais. Ní thugann úsáid an téarma sin le tuiscint go síneofar cumhdach na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais trí ítimí nach bhfuil sa chlár comhardaithe a áireamh, ítimí ar a dtugtar ionstraimí airgeadais uaireanta i staidreamh airgeadaíochta agus airgeadais.

Clár chomhardaithe, cuntas airgeadais, agus sreafaí eile

- 5.16 Taifeadtar na sócmhainní airgeadais arna sealbhú agus na dliteanas gan íoc ag pointe ama áirithe sa chlár comhardaithe. Bíonn athruithe ann idir an clár comhardaithe tosaigh agus an clár comhardaithe deiridh mar thoradh ar idirbhearta airgeadais. Mar sin féin, bíonn athruithe ann idir an clár comhardaithe tosaigh agus an clár comhardaithe deiridh mar gheall ar shreafaí eile freisin, sreafaí nach idirghníomhaíochtaí idir aonaid institiúideacha trí chomhaontú frithpháirteach iad. Déantar sreafaí eile a bhaineann le sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a mhiondealú in athluachálacha ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanas airgeadais, agus athruithe ar mhéid na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais nach idirbhearta airgeadais is cúis leo. Taifeadtar athluachálacha sa chuntas athluachála agus taifeadtar athruithe ar an méid sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.
- 5.17 Is é an cuntas airgeadais an cuntas deiridh i seicheamh na gcuntas ina dtairfeadtar idirbhearta. Níl ítim chomhardaithe a thugtar ar aghaidh go cuntas eile ar áireamh sa chuntas airgeadais. Is é glaniasachtú (+) nó glaniasachtaíocht (-) (B.9F), ítim chomhardaithe an chuntais airgeadais, eadhon glanéadálacha sócmhainní airgeadais lúide glantabhú dliteanas.
- 5.18 Is ionann ítim chomhardaithe an chuntais airgeadais go coincheapúil agus ítim chomhardaithe an chuntais chaipitil. Faightear, de ghnáth, neamhréireacht eatarthu sa chleachtas toisc go ríomhtar iad ar bhonn sonraí staidrimh éagsúla.

Luacháil

- 5.19 Taifeadtar idirbhearta airgeadais ag luachanna na n-idirbheart, eadhon, ag na luachanna in airgeadra náisiúnta ag a gcruthaítear, ag a leachtaítear, ag a malartaítear nó ag a nglactar na sócmhainní airgeadais agus/nó na dliteanas airgeadais lena mbaineann idir na haonaid institiúideacha, bunaithe ar chomaoineacha tráchtála.
- 5.20 Taifeadtar idirbhearta airgeadais agus a n-idirbhearta contrapháirte airgeadais nó neamhairgeadais ag luachanna céanna na n-idirbheart. Tá trí fhéidearthacht ann:
- (a) eascraíonn íocaíocht in airgeadra náisiúnta as an idirbheart airgeadais; tá luach an idirbhirt cothrom leis an tsuim a mhalartaítear;
 - (b) is idirbheart in airgeadra eachtrach an t-idirbheart airgeadais agus ní idirbheart in airgeadra náisiúnta an t-idirbheart contrapháirte: tá luach an idirbhirt cothrom leis an tsuim in airgeadra náisiúnta de réir an ráta margaidh atá i réim nuair a dhéantar an íocaíocht; agus
 - (c) ní idirbheart in airgead tirim ná idirbheart i modh íocaíochta eile é an t-idirbheart airgeadais ná a idirbheart contrapháirte: tá luach an idirbhirt cothrom le margadhluach reatha na sócmhainní airgeadais agus/nó na ndliteanas airgeadais lena mbaineann.

- 5.21 Tagraíonn luach an idirbhirt d'idirbheart airgeadais sonracha agus dá idirbheart contrapháirte. Is éard a dhéantar, luach an idirbhirt a idirdhealú go soiléir ó luach atá bunaithe ar phraghas a luaitear ar an margadh, praghas margaidh cothrom, nó aon phraghas lena mbeartaítear coitiantacht praghsanna a chur in iúl le haghaidh aicme sócmhainní airgeadais agus/nó dliteanas airgeadais dá samhail. Mar sin féin, i gcásanna inarb aistriú é, mar shampla, idirbheart contrapháirte an idirbhirt airgeadais agus, ar an ábhar sin, go bhféadtar an t-idirbheart airgeadais a dhéanamh ar chomaoinéacha eile seachas ar chomaoinéacha tráchtála amháin, comhfhreagraíonn luach an idirbhirt do margadhluach reatha na sócmhainní airgeadais agus/nó na ndliteanas airgeadais lena mbaineann.
- 5.22 Ní áirítear i luach an idirbhirt muirir seirbhíse, táillí seirbhíse, coimisiúin, nó íocaíochtaí dá samhail i leith seirbhísí arna soláthar agus na hidirbhearta á ndéanamh; ba cheart táirgí den sórt sin a thaifeadadh mar íocaíochtaí i leith seirbhísí. Ní áirítear cánacha ar idirbhearta airgeadais ach an oiread agus láimhseáiltear iad mar chánacha ar sheirbhísí laistigh de chánacha ar tháirgí. Nuair a bhaineann eisiúint nua dliteanas le hidirbheart airgeadais, tá luach an idirbhirt cothrom le suim an dliteanas a thabhaítear gan aon ús réamhíoctha a áireamh. Ar an gcaoi chéanna, nuair a chuirtear dliteanas ar ceal, beidh luach an idirbhirt i gcás an chreidiúnaí agus an fhéichiúnaí araon ag freagairt do laghdú an dliteanas.

Glantaifeadadh agus olltaifeadadh

- 5.23 *Sainmhíniú:* ciallaíonn glantaifeadadh idirbheart airgeadais go dtaispeántar éadálacha sócmhainní airgeadais glan ó dhiúscairtí sócmhainní airgeadais, agus go dtaispeántar tabhú dliteanas glan ó aisíocaíochtaí dliteanas.

Féadtar idirbhearta airgeadais a léiriú i bhfoirm ghlan i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil saintréithe éagsúla acu agus féichiúnaithe nó creidiúnaithe éagsúla acu, ar an gcoinníoll go bhfuil siad sa chatagóir nó san fhochatagóir chéanna.

- 5.24 *Sainmhíniú:* ciallaíonn olltaifeadadh idirbheart airgeadais go dtaispeántar éadálacha agus diúscairtí sócmhainní airgeadais ar leithligh, agus déantar amhlaidh i gcás tabhú agus aisíocaíochtaí dliteanas.

Léiríonn olltaifeadadh idirbheart airgeadais an tsuim chéanna glaniasachtaithe agus glaniasachtaíochta amháin i dá dtáifeadfaí na hidirbhearta airgeadais i bhfoirm ghlan.

Ba cheart oll-idirbhearta airgeadais a thaifeadadh i bhfoirm chomhlán i gcás anailísí mionsonraithe ar an margadh airgeadais.

Comhdhlúthú

- 5.25 *Sainmhíniú:* tagraíonn comhdhlúthú sa chuntas airgeadais don phróiseas trína ndéantar idirbhearta sócmhainní airgeadais le haghaidh grúpa áirithe d'aonaid institiúideacha a fhritháireamh in aghaidh na n-idirbheart contrapháirte dliteanas don ghrúpa céanna d'aonaid institiúideacha.

Is féidir comhdhlúthú a dhéanamh ar leibhéal an gheilleagair iomláin, na n-earnálacha institiúideacha, agus na bhfo-earnálacha institiúideacha. Tá cuntas airgeadais na coda eile den domhan comhdhlúite de réir sainmhínte toisc nach dtáifeadtar ann ach idirbhearta na n-aonaid institiúideach neamhchónaitheach le haonaid institiúideacha chónaitheacha.

- 5.26 Tá leibhéal éagsúla comhdhlúthaithe oiriúnach do chineálacha éagsúla anailíse. Mar shampla, leagann comhdhlúthú an chuntais airgeadais don gheilleagar iomlán béim ar idirbhearta airgeadais an gheilleagair le haonaid institiúideacha neamhchónaitheacha toisc go ríomhtar gach idirbheart airgeadais idir aonaid institiúideacha chónaitheacha i bhfoirm ghlan tráth comhdhlúthúcháin. Mar gheall ar chomhdhlúthú le haghaidh earnálacha, is féidir idirbhearta airgeadais foriomlána idir earnálacha ina bhfuil glaniasachtú agus earnálacha ina bhfuil glaniasachtaíocht a rianú. Is féidir i bhfad níos mó mionsonraí faoi idirghabháil airgeadais a fháil ó chomhdhlúthú ar leibhéal na fo-earnála i gcás corparáidí airgeadais agus, mar shampla, is féidir idirbhearta institiúidí airgeadais airgeadaíochta le corparáidí airgeadais eile, le hearnálacha chónaitheacha eile agus le haonaid institiúideacha neamhchónaitheacha a shainnithint dá bharr. Cuirtear faisnéis ó chomhdhlúthú ar fáil ar leibhéal na fo-earnála freisin, eadhon, faoi chuimsiú earnáil an rialtais ghinearálta, toisc go ndícheirtear idirbhearta idir fo-earnálacha éagsúla an rialtais.

- 5.27 De ghnáth, ní chomhdhlúthaítear na hiontrálacha cuntasáíochta in ESA 2010, toisc go bhfuil faisnéis faoi ghrúpáil na n-aonaid institiúideach comhfhreagrach de dhíth chun cuntas airgeadais a chomhdhlúthú. Teastaíonn sonraí idirbhirt airgeadais ar bhonn idirearnálacha chuige sin. Mar shampla, is gá idirdhealú a dhéanamh, i measc shealbhóirí dliteanas an rialtais ghinearálta, idir aonaid an rialtais ghinearálta agus aonaid institiúideacha eile chun dliteanas chomhdhlúite an rialtais ghinearálta a thiomnú.

Glanluacháil

- 5.28 *Sainmhíniú:* is éard is glanluacháil ann, comhdhlúthú ar leibhéal an aonaid institiúidigh aonair ina ndéantar iontrálacha cuntasáíochta ar an dá thaobh den chuntas a fhritháireamh i leith an idirbhirt chéanna. Ní mór glanluacháil a sheachaint ach amháin mura bhfuil dóthain sonraí foinseacha ann.

- 5.29 Is féidir méideanna éagsúla glanluachála a idirhealú toisc go mbaintear idirbhearta dliteanas ó idirbhearta sócmhainní airgeadais don chatagóir nó don fhochatagóir chéanna de shócmhainn airgeadais.
- 5.30 Nuair a cheannaíonn roinn de chuid aonaid institiúidigh bannaí a d'eisigh roinn eile den aonad institiúideach céanna, ní thairfead an t-idirbheart i gcuntas airgeadais an aonaid mar éileamh arna fháil mar éadail ag roinn amháin ar roinn eile. Tairfead an t-idirbheart mar fhuascailt dliteanas seachas mar éadálacha sócmhainní comhdhlúthúcháin. Féachtar ar ionstraimí airgeadais den sórt sin mar ionstraimí airgeadais i bhfoirm ghlanluacháilte. Ní mór glanluacháil a sheachaint más gá an ionstraim airgeadais a choinneáil ar thaobh na sócmhainne agus an dliteanas aron d'fhonn cloí leis an tíolacadh dlíthiúil.
- 5.31 Féadfaidh glanluacháil a bheith dosheachanta i gcás idirbheart aonaid institiúidigh i ndíorthaigh airgeadais, nuair nach mbíonn sonraí ar leithligh faoi idirbhearta sócmhainní agus dliteanas ar fáil go hiondúil. Is iomchuí na hidirbhearta sin a ghlanluacháil toisc go bhféadfaidh athrú teacht ar an gcomhartha a bhaineann le luach an tsuímh i ndíorthaigh airgeadais i.e. athrú ó shuíomh sócmhainne go suíomh dliteanas, de réir mar a athraíonn luach na hionstraime is bunús leis an gconradh díorthach i ndáil leis an bpraghas sa chonradh.

Rialacha cuntasáochta maidir le hidirbhearta airgeadais

- 5.32 Is éard is iontráil cheathrúil ann, cleachtas cuntasáochta ina ndéanann an dá aonad institiúideacha atá páirteach in idirbheart tairfead faoi dhó ar an idirbheart. Mar shampla, déantar iontrálacha sa chuntas táirgthe agus sa chuntas airgeadais don dá aonad mar thoradh ar earraí a bheith á malartú ar airgead ag gnóthais. Áirithíonn cuntasáocht iontrála ceathrúla tuairisciú siméadrach ar thaobh na n-aonad institiúideach lena mbaineann, rud a áiríonn comhsheasmhacht sna cuntais.
- 5.33 Bíonn idirbheart contrapháirte ag idirbheart airgeadais i gcónaí. Féadtar gur idirbheart airgeadais eile nó idirbheart neamhairgeadais í an chontrapháirt sin.
- 5.34 I gcás gur idirbhearta airgeadais iad idirbheart agus a chontrapháirt araon, fágfar go n-athraítear punann na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais agus féadtar go n-athraítear iomláin na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais sna haonaid institiúideacha, ach ní athraítear an glaniasachtú/glaniasachtaíocht ná an glanfhíúchas.
- 5.35 Féadtar gur idirbheart neamhairgeadais amháin idirbheart táirgí, idirbheart dáileacháin, nó idirbheart sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais é contrapháirt idirbhirt airgeadais. I gcás nach idirbheart airgeadais é idirbheart contrapháirte an idirbhirt airgeadais, tiocfaidh athrú ar ghlániasachtú/glaniasachtaíocht na n-aonad institiúideach.

Idirbheart airgeadais a bhfuil aistriú reatha nó aistriú caipitil mar chontrapháirt aige

- 5.36 Féadtar gur aistriú é an t-idirbheart contrapháirte ag idirbheart airgeadais. Sa chás sin, baineann an t-idirbheart airgeadais le hathrú ar úinéireacht sócmhainne airgeadais, nó glacadh dliteanas i gcáil féichiúnaí, ar a dtugtar glacadh fiach, nó leachtú comhuaineach sócmhainne airgeadais agus an dliteanas chontrapháirte, ar a dtugtar cealú fiach nó maítheamh fiach. Is aistriú caipitil iad glacadh fiach agus cealú fiach (D.9) agus tairfead sa chuntas caipitil iad.
- 5.37 Má ghlacann úinéir samhailchorparáide dliteanas na samhailchorparáide nó má chealaíonn sé éilimh airgeadais ina haghaidh, idirbheart cothromais (F.51) a bheid in idirbheart contrapháirte an ghlactha fiach nó an chealaithe fiach. Má tá sé i gceist, áfach, go gcumhdóidh an oibríocht cailteanas charntha nó cailteanas thar cuimse, nó má dhéantar í i gcomhthéacs cailteanas marthanach, agus aicmítear an oibríocht mar idirbheart neamhairgeadais — aistriú caipitil nó aistriú reatha.
- 5.38 Má chealaíonn an rialtas fiacha nó má ghlacann sé fiacha corparáide poiblí a imíonn mar aonad institiúideach as an gcóras, ní thairfead aon idirbheart sa chuntas caipitil ná sa chuntas airgeadais. Sa chás sin, tairfead sreabhadh sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.
- 5.39 Má ghlacann nó má chealaíonn an rialtas fiacha corparáide poiblí mar chuid de phróiseas príobháidithe atá le baint amach sa ghearrthéarma, is idirbheart cothromais (F.51) suas le hiomlán na bhfáltais príobháidithe é an t-idirbheart contrapháirte. I bhfocail eile, meastar go bhfuil cothromas an rialtais sa corparáid á mhéadú go sealadach trí fhiacha na corparáide poiblí a chealú nó a ghlacadh. Ciallaíonn príobháidíú rialú ar an gcorparáid phoiblí sin a ghéilleadh trí chothromas a dhiúscairt. Bíonn méadú ar chistí dílse na corparáide poiblí mar thoradh ar chealú fiach nó glacadh fiach den sórt sin, fiú mura n-eisítear cothromas.

- 5.40 Ní idirbhearta iad díscríobh ná dímhéas na ndrochfhiach ag creidiúnaithe agus cealú aontaobhach dliteanais ag féichiúnaí, ar a dtugtar séanadh fiach, toisc nach bhfuil idirghníomhaíocht idir aonaid institiúideacha trí chomhaontú frithpháirteach i gceist leo. Taifeadtar díscríobh nó dímhéas na ndrochfhiach ag creidiúnaithe sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.

Idirbheart airgeadais a bhfuil ioncam ó mhaoin mar chontrapháirt aige

- 5.41 Féadtar gur ioncam ó mhaoin é an t-idirbheart contrapháirte ag idirbheart airgeadais.
- 5.42 Tá ús (D.41) infhála ag creidiúnaithe agus iníoctha ag féichiúnaithe i leith cineálacha áirithe éilimh airgeadais atá aicmithe sna catagóirí seo a leanas: ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta (AF.1), airgeadra agus taiscí (AF.2), urrúis fiachais (AF.3), iasachtaí (AF.4) agus cuntais eile infhála/iníoctha (AF.8).
- 5.43 Déantar ús a thaifeadadh mar a fhabhraíonn sé ar bhonn leanúnach le himeacht ama ar an gcreidiúnaí ar an bpríomhshuim gan íoc. Is éard is idirbheart contrapháirte iontrála úis (D.41) ann, idirbheart airgeadais lena gcruthaítear éileamh airgeadais ón gcreidiúnaí in aghaidh an fhéichiúnaí. Taifeadtar carnadh úis sa chuntas airgeadais leis an ionstraim airgeadais lena mbaineann. Is é an éifeacht a bhíonn ag an idirbheart airgeadais seo go n-athinfheistítear an t-ús. Ní thaifeadtar an íocaíocht iarbhrú úis mar ús (D.41), ach mar idirbheart airgeadra agus taiscí (F.2) atá cothrom le haisíocaíocht choibhéseach na sócmhainne ábhartha, rud a fhágann go laghdaítear glanéileamh airgeadais an chreidiúnaí i gcoinne an fhéichiúnaí.
- 5.44 I gcás nach n-íoctar ús fabhráithe agus é dlite, bíonn riaráistí úis ann. Toisc gurb é an t-ús fabhráithe a thaifeadtar, ní athraíonn riaráistí úis iomlán na sócmhainní airgeadais ná na ndliteanas airgeadais.
- 5.45 Is éard is ioncam corparáidí ann díbhinní (D.421), aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí (D.422), tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach (D.43), agus tuilleamh coinneithe gnóthas intíre. Is é an éifeacht atá ag an idirbheart airgeadais contrapháirte i gcás tuillimh athinfheistithe go n-athinfheistítear an t-ioncam ó mhaoin sa ghnóthas infheistíochta díri.
- 5.46 Taifeadtar díbhinní mar ioncam ó infheistíocht an tráth a thosaítear na scaireanna a lua mar scaireanna ex-díbhinne. Tá feidhm aige sin maidir le haistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí chomh maith. Déantar taifeadadh éagsúil le haghaidh díbhinní nó aistarraingtí atá an-mhór ar fad nach bhfuil ag teacht leis an taithí is déanaí ar an méid ioncaim atá ar fáil lena dháileadh ag úinéirí na corparáide. Taifeadtar dáileadh breise den sórt sin mar aistarraingt cothromais sa chuntas airgeadais agus ní mar ioncam ó infheistíocht.
- 5.47 Maidir le hioncam ó mhaoin atá infhála ó chistí infheistíochta, glan ó chuid de na costais bhainistíochta, agus a shanntar do scairshealbhóirí, cé nach ndáiltear é, taifeadtar é in ioncam ó mhaoin agus tá iontráil chontrapháirte aige sa chuntas airgeadais faoi scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta. Is é an éifeacht aige sin go láimhseáiltear an t-ioncam a shanntar do scairshealbhóirí, ach nach ndáiltear, mar ioncam atá athinfheistithe sa chiste.
- 5.48 Cuirtear ioncam ó infheistíocht i leith sealbhóirí polasaithe árachais (D.44), sealbhóirí teidlíochtaí pinsean, agus sealbhóirí scaireanna i gcistí infheistíochta. Is cuma faoin tsuim iarbhrú a dháileann an chorparáid árachais, an ciste pinsín nó an ciste infheistíochta, déantar suim iomlán an ioncaim ó infheistíocht a fhaigheann an chorparáid nó ciste árachais a thaifeadadh mar ioncam a dháiltear ar na sealbhóirí polasaithe nó ar shealbhóirí na scaireanna. Taifeadtar an tsuim nach ndáiltear iarbhrú sa chuntas airgeadais mar athinfheistíocht.

Am taifeadta

- 5.49 Taifeadtar idirbhearta airgeadais agus a n-idirbhearta contrapháirte an tráth céanna.
- 5.50 Nuair is idirbheart neamhairgeadais é contrapháirt idirbheart airgeadais, taifeadtar an dá cheann tráth a tharlaíonn an t-idirbheart neamhairgeadais. Mar shampla, nuair atá creidimheas trádála mar thoradh ar dhíolachán earraí nó seirbhísí, tá an t-idirbheart airgeadais sin le taifeadadh nuair a dhéantar na hiontrálacha sa chuntas neamhairgeadais lena mbaineann, nuair a aistrítear úinéireacht na n-earraí nó nuair a sholáthraítear an tseirbhís.
- 5.51 Nuair is idirbheart airgeadais é contrapháirt idirbheart airgeadais, tá trí fhéidearthacht ann:
- (a) is idirbhearta airgid nó idirbheart modha eile íocaíochta iad an dá idirbheart airgeadais: taifeadtar iad tráth a dhéantar an chéad íocaíocht;
- (b) níl ach ceann amháin den dá idirbheart airgeadais ina idirbheart airgid nó idirbheart modha eile íocaíochta: taifeadtar iad tráth a dhéantar an íocaíocht; agus

- (c) ní idirbheart airgid ná idirbheart modha eile íocaíochta é ceachtar den dá idirbheart airgeadais: taifeadtar iad tráth a tharlaíonn an chéad idirbheart airgeadais.

Cuntas airgeadais idirearnálacha

- 5.52 Is síneadh ar an gcuntas airgeadais neamh-chomhdhlúite é an cuntas airgeadais idirearnálacha nó an cuntas airgeadais de réir féichiúnaí/creidiúnaí. Is tíolacadh tríthoiseach ar idirbhearta airgeadais é ina léirítear an dá pháirtí in idirbheart, chomh maith leis an gcineál ionstraimhe airgeadais is ábhar don idirbheart.

Soláthraítear faisnéis ar ghaolmhaireachtaí féichiúnaí/creidiúnaí sa tíolacadh sin agus tagann sé le clár comhardaithe airgeadais idirearnálacha. Ní sholáthraítear aon fhaisnéis maidir leis na haonaid institiúideacha lenar díoladh sócmhainní airgeadais nó ónár ceannaíodh sócmhainní airgeadais. Tá feidhm aige sin maidir le hidirbhearta dliteanas comhfhreagracha freisin. Tugtar mairtís sreafa cistí ar an gcuntas airgeadais idirearnálacha freisin.

- 5.53 Bunaithe ar phrionsabal na cuntasáochta iontrála ceathrúla, tá trí thoise ag cuntas airgeadais idirearnálacha: catagóir na hionstraimhe airgeadais, earnáil an fhéichiúnaí, agus earnáil an chreidiúnaí. Tá gá le táblaí tríthoiseacha ina gclúdaítear na miondealuithe de réir ionstraimhe airgeadais, féichiúnaí agus creidiúnaí do chuntas airgeadais idirearnálacha. Léiríonn táblaí den sórt sin na hidirbhearta airgeadais trasaicmithe de réir earnáil an fhéichiúnaí agus earnáil an chreidiúnaí faoi mar a léirítear i dTábla 5.1.

- 5.54 Léirítear i dtábla chatagóir na hionstraimhe airgeadais “urrúis fiachais” go seasann na hurrúis fiachais a fuair teaghlaigh agus institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (275) agus atá glan ó dhiúscairtí, d’éilimh ar chorparáidí neamhairgeadais (65), ar chorparáidí airgeadais (43), ar an rialtas ginearálta (124), agus ar an gcuid eile den domhan (43) mar thoradh ar idirbhearta sa tréimhse thagartha. Léirítear sa tábla gur thabhaigh chorparáidí neamhairgeadais, mar thoradh ar idirbhearta sa tréimhse thagartha, gan fuascailtí a áireamh, 147 dliteanas i bhfoirm urrúis fiachais: tháinig méadú ionann le 30 ar a ndliteanas san fhoirm sin i leith chorparáidí neamhairgeadais eile, tháinig méadú ionann le 23 ar a ndliteanas i leith chorparáidí airgeadais, tháinig méadú ionann le 5 ar a ndliteanas i leith an rialtais ginearálta, tháinig méadú ionann le 65 ar a ndliteanas i leith teaghlach agus institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh, agus tháinig méadú ionann le 24 ar a ndliteanas i leith na coda eile den domhan. Níor eisigh teaghlaigh agus institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh aon urrúis fiachais. Mar gheall ar thíolacadh comhdhlúite chuntais na coda eile den domhan, ní léirítear aon idirbhearta idir aonaid institiúideacha neamhchónaitheacha. Is féidir táblaí den chineál céanna a thiomnú do na catagóirí ionstraimhe airgeadais ar fad.

Tábla 5.1 — Cuntas airgeadais idirearnálacha d’urrúis fiachais

Earnáil an fhéichiúnaí		Glantabhú urrúis fiachais ag						
		Corparáidí neamhairgeadais	Corparáidí airgeadais	Rialtas ginearálta	Teaghlaigh agus institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh	Geilleagar náisiúnta	An chuid eile den domhan	Iomlán
Glanéadail urrúis fiachais de réir	Corparáidí neamhairgeadais	30	11	67		108	34	142
	Corparáidí airgeadais	23	22	25		70	12	82
	An rialtas ginearálta	5	2	6		13	19	32
	Teaghlaigh agus institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh	65	43	124		232	43	275
	Geilleagar náisiúnta	123	78	222		423	108	531
	An chuid eile den domhan	24	28	54		106		106
	Iomlán	147	106	276		529	108	637

- 5.55 Fágann an cuntas airgeadais idirearnálacha gur féidir anailís a dhéanamh ar cé atá ag maoiniú, cé atá á mhaoiniú, suim an mhaoinithe agus cén tsócmhainn airgeadais trína maoinítear iad. Tugann sé na freagraí ar cheisteanna amhail:
- (a) cad iad na hearnálacha contrapháirte le haghaidh na sócmhainní airgeadais a fhaigheann earnáil institiúideach i bhfoirm ghlan nó le haghaidh na ndliteanas airgeadais a thabhaíonn earnáil institiúideach i bhfoirm ghlan?
 - (b) cad iad na corparáidí a mbíonn earnáil an rialtais ghinearálta rannpháirteach leo?
 - (c) cá mhéad urrús fiachais a fhaigheann earnálacha cónaithe agus earnáil na coda eile den domhan (gan diúscairtí a áireamh), cé acu a d'eisigh an rialtas ginearálta, corparáidí airgeadais nó neamhairgeadais, agus an chuid eile den domhan (gan fuascailtí a áireamh)?

AICMIÚ IDIRBHEART AIRGEADAIS GO MIONCHRUINN DE RÉIR CATAGÓIRE

Baineann na sainmhínte agus na tuairiscí seo a leanas le hionstraimí airgeadais. Nuair atá idirbheart á thaifeadadh, is é F an cód a úsáidtear. Nuair atá an bunleibhéal stoic nó suíomh acmhainne nó dliteanas á thaifeadadh, is é AF an cód a úsáidtear.

Ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta (F.1)

5.56 Tá dhá fhochatagóir sa chatagóir “ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta (CTSanna)” (F.1):

- (a) ór airgeadaíochta (F.11); agus
- (b) cearta tarraingthe speisialta (CTSanna) (F.12).

Ór airgeadaíochta (F.11)

5.57 *Sainmhíniú:* is éard is ór airgeadaíochta ann, ór a bhfuil teideal ag na húdaráis airgeadaíochta air agus a shealbhaítear i gcúl sócmhainní.

Áirítear leis órbhuilleán agus cuntais óir neamhdháilte le neamhchónaithigh a thugann teideal chun seachadadh an óir a éileamh.

5.58 Ar na húdaráis airgeadaíochta a áirítear leis tá an banc ceannais agus institiúidí an rialtais láir a dhéanann oibríochtaí a chuirtear i leith an bhainc cheannais de ghnáth. Áirítear leis na hoibríochtaí sin eisiúint airgeadra, cothabháil agus bainistíocht cúl sócmhainní agus oibríocht cistí cobhsaithe malairte.

5.59 Is é a chiallaíonn sé bheith faoi réir rialú éifeachtach na n-údarás airgeadaíochta:

- (a) ní féidir leis an aonad cónaitheach idirbhearta a dhéanamh sna héilimh sin le neamhchónaithigh ach amháin ar na téarmaí arna sonrú ag na húdaráis airgeadaíochta nó le cead sainráite uathu;
- (b) tá rochtain de réir éilimh ag na húdaráis airgeadaíochta ar na héilimh sin ar neamhchónaithigh chun riachtanais mhaoinithe chomhardú na n-íocaíochtaí a chomhlíonadh agus chun críoch gaolmhar eile; agus
- (c) tá dlí nó socrú ceangailteach eile ann cheana lena ndeimhnítear ról gníomhaireachta an chónaithigh.

5.60 Bíonn an t-ór airgeadaíochta ar fad ar áireamh i gcúl sócmhainní nó bíonn sé i seilbh eagraíochtaí airgeadais idirnáisiúnta. Is iad seo a leanas a chomhpháirteanna:

- (a) órbhuilleán (lena n-áirítear ór airgeadaíochta arna shealbhú i gcuntais óir leithdháilte); agus
- (b) cuntais óir neamh-leithdháilte le neamhchónaithigh.

5.61 Is é órbhuilleán atá san áireamh in ór airgeadaíochta an t-aon sócmhainn airgeadais nach bhfuil dliteanas contrapháirte ann ina leith. Is i bhfoirm monaí, tinní, nó barraí a bhíonn sé agus íonacht 995 cuid sa mhíle ar a laghad i gceist leis. Is sócmhainn neamhairgeadais é órbhuilleán nach bhfuil sealbhaithe mar chúlsócmhainn agus áirítear é in ór neamhairgeadaíochta.

5.62 Tugtar úinéireacht ar phíosa óir ar leith le cuntais óir leithdháilte. Fanann an t-ór faoi úinéireacht an eintitis a thaisceann é chun é a choimeád slán. Is iondúil go mbíonn saoráidí ceannaigh, stórála, agus díola ag na cuntais sin. Nuair a shealbhaítear iad mar chúlsócmhainní, aicmítear cuntais óir leithdháilte mar ór airgeadaíochta, agus mar shócmhainn airgeadais dá bhrí sin. Nuair nach sealbháitear mar chúlsócmhainní iad, freagraíonn cuntais óir leithdháilte d'úinéireacht tráchtarra, eadhon, ór neamhairgeadaíochta.

- 5.63 I gcodarsnacht le cuntais óir leithdháilte, freagraíonn cuntais óir neamh-leithdháilte d'éileamh ar oibreoir an chuntais chun ór a sheachadadh. Nuair a shealbhaítear cuntais óir leithdháilte mar chúlsócmhainní, aicmítear iad mar ór airgeadaíochta, agus mar shócmhainn airgeadais dá bhrí sin. Is mar thaiscí a aicmítear cuntais óir neamh-leithdháilte nach bhfuil á sealbhú mar chúlsócmhainní.
- 5.64 Is éard is idirbhearta óir airgeadaíochta ann go príomha, díolacháin agus ceannacháin óir airgeadaíochta i measc údarás airgeadaíochta nó eagraíochtaí airgeadais idirnáisiúnta áirithe. Ní féidir idirbhearta in ór airgeadaíochta a bheith ann a bhaineann le haonaid institiúideacha seachas na haonaid sin. Taifeadtar ceannacháin óir airgeadaíochta i gcuntais airgeadais na n-údarás airgeadaíochta mar mhéadú ar shócmhainní airgeadais agus taifeadtar díolacháin óir airgeadaíochta mar laghdú ar shócmhainní airgeadais. Taifeadtar na hiontrálacha contrapháirte mar laghdú ar shócmhainní airgeadais nó mar mhéadú ar shócmhainní airgeadais na coda eile den domhan.
- 5.65 Má chuireann údarás airgeadaíochta ór neamhairgeadaíochta lena sealúchais d'ór airgeadaíochta (mar shampla, trí ór a cheannach ar an margadh), nó má scaoileann siad ór airgeadaíochta óna sealúchais chun críoch neamhairgeadaíochta (mar shampla, trína dhíol ar an margadh), meastar go bhfuil luach airgid curtha acu ar ór nó go bhfuil luach airgid bainte acu de. Ní dhéantar iontrálacha sa chuntas airgeadais mar thoradh ar luach airgid a chur ar ór nó a bhaint de, ach déantar iontrálacha sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní mar athrú ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas, i.e. ór a athaicmiú ó earra luachmhar (AN.13) go dtí ór airgeadaíochta (AF.11) (mír 6.22 go mír 6.24). Is éard is brí le luach airgid a bhaint d'ór airgeadaíochta a athaicmiú le bheith ina earra luachmhar.
- 5.66 Déantar taiscí, urrúis agus iasachtaí atá ainmnithe in ór a láimhseáil mar shócmhainní airgeadais seachas ór airgeadaíochta agus aicmítear iad in éineacht le sócmhainní airgeadais dá samhail in airgedra eachtrach sa chatagóir iomchuí. Is éard atá i mbabhtálacha óir cineálacha comhaontuithe athcheannaigh urrúis lena mbaineann ór airgeadaíochta nó ór neamhairgeadaíochta. Is éard a thuigtear le babhtálacha óir go malartaítear ór ar thaisce trí chomhaontú go n-aisiompófar an t-idirbheart ar dháta comhaontaithe ag praghas óir comhaontaithe. De réir an chleachtais ghinearálta maidir le hidirbhearta aisiompaithe a thaifeadadh, ní dhéanann glacadóir an óir an t-ór a thaifeadadh ar a chlár comhardaithe, agus ní dhéanann soláthraí an óir an t-ór a bhaint óna chlár comhardaithe. Taifeadann an dá pháirtí babhtálacha óir mar iasachtaí comhthaobhaithe, agus is é ór an chomhthaobhacht. Déantar babhtálacha óir airgeadaíochta idir údarás airgeadaíochta nó idir údarás airgeadaíochta agus páirtithe eile, agus is idirbhearta dá samhail iad babhtálacha óir neamhairgeadaíochta nach mbaineann le húdarás airgeadaíochta.
- 5.67 Is ionann iasachtaí óir agus seachadadh óir ar feadh tréimhse áirithe. Maidir le hidirbhearta aisiompaithe eile, aistrítear úinéireacht dhlíthiúil an óir, ach is ar an iasachtóir a fhanann rioscaí agus sochair na n-athruithe ar phraghas an óir. Is minic a úsáideann iasachtaithe óir na hidirbhearta sin chun a ndíolacháin le tríú páirtithe a chumhdach i dtreimhsí ina bhfuil ór gann. Ioctar táille, a chinntear de réir luach na bunsócmhainne agus fhad an idirbheart aisiompaithe, leis an mbunúinéir as an ór a úsáid.
- 5.68 Is sócmhainn airgeadais é ór airgeadaíochta; is ionann na táillí ar iasachtaí óir agus íocaíochtaí i leith sócmhainn airgeadais a chur ar fáil d'aonad institiúideach eile, dá réir sin. Láimhseáiltear táillí a bhaineann le hiasachtaí óir airgeadaíochta mar ús. Tá feidhm aige sin freisin mar ghnás simplithe maidir le táillí a íoctar ar iasachtaí óir neamhairgeadaíochta.

CTSanna (F.12)

- 5.69 *Sainmhíniú:* is éard is CTSanna ann cúlsócmhainní idirnáisiúnta arna gcruithú ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus arna leithdháileadh ar a bhaill chun na cúlsócmhainní atá ann cheana a fhorlíonadh.
- 5.70 Is éard a dhéanann an Roinn CTS den Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta cúlsócmhainní a bhainistiú trí CTSanna a leithdháileadh ar bhallstáit an CAI agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta áirithe, agus is "rannpháirtithe" a thugtar orthu go cineálach.
- 5.71 Is idirbhearta iad cruthú CTSanna trína leithdháileadh, agus iad a mhúchadh trína gcealú. Taifeadtar leithdháilte CTSanna ar bhonn comhlán mar éadálacha sócmhainní i gcuntais airgeadais údarás airgeadaíochta an rannpháirtí aonair, agus mar thabhu dliteanas ag an gcuid eile den domhan.
- 5.72 Bíonn CTSanna á sealbhú go heisiach ag sealbhóirí oifigiúla, ar baineann cheannais agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta áirithe iad, agus tá siad inaistrithe i measc rannpháirtithe agus sealbhóirí oifigiúla eile. Is ionann sealúchais CTSanna agus ceart deimhnithe agus neamhchoinníollach gach sealbhóra cúlsócmhainní eile, go háirithe airgeadraí eachtracha, a fháil ó chomhaltaí eile an CAI.
- 5.73 Is éard is CTSanna ann, sócmhainní a bhfuil dliteanas chomhfhreagracha acu, ach freagraíonn na sócmhainní d'éilimh ar na rannpháirtithe le chéile ach ní d'éilimh ar an CAI. Féadfaidh rannpháirtí cuid dá shealúchais CTS nó a shealúchais go léir a dhíol le rannpháirtí eile agus cúlsócmhainní eile, go háirithe airgedra eachtrach, a fháil i gcomaoin air sin.

Airgeadra agus taiscí (F.2)

- 5.74 *Sainmhíniú:* is ionann airgeadra agus taiscí agus airgeadra atá i gcúrsaíocht agus taiscí, in airgeadra náisiúnta agus in airgeadraí eachtracha araon.
- 5.75 Tá trí fhochatagóir d'idirbhearta airgeadais ann maidir le hairgeadra agus taiscí:
- (a) airgeadra (F.21);
- (b) taiscí inaistrithe (F.22); agus
- (c) taiscí eile (F.29).

Airgeadra (F.21)

- 5.76 *Sainmhíniú:* is éard is airgeadra ann, nótaí agus monaí a eisíonn nó a údaraíonn údaráis airgeadaíochta.
- 5.77 Áirítear le hairgeadra:
- (a) nótaí agus monaí atá i gcúrsaíocht arna n-eisiúint ag údaráis airgeadaíochta chónaitheacha mar airgeadra náisiúnta i gcúrsaíocht atá i seilbh cónaitheach agus neamhchónaitheach; agus
- (b) nótaí agus monaí arna n-eisiúint ag údaráis airgeadaíochta neamhchónaitheacha mar airgeadraí eachtracha i gcúrsaíocht agus atá i seilbh cónaitheach.
- 5.78 Ní áirítear le hairgeadra:
- (a) nótaí agus monaí nach bhfuil i gcúrsaíocht, mar shampla, stoc de nótaí dílse bainc cheannais nó stoc-chairn nótaí le haghaidh éigeandálaí; agus
- (b) monaí comórtha nach n-úsáidtear de ghnáth chun íocaíocht a dhéanamh. Aicmítear iad mar earraí luachmhara.

Bosca 5.2 — Airgeadra arna eisiúint ag córas an euro

- B5.2.1. Is airgeadra intíre bhallstáit an limistéir euro iad na nótaí bainc agus na monaí a eisíonn córas an euro. Cé go láimhseáiltear iad mar airgeadra intíre, níl sealúchais airgeadra an euro ag cónaitheigh gach ballstáit rannpháirtigh ina ndlíteanais de chuid an bhainc cheannais náisiúnta chónaitheigh ach go feadh a chion bharúlaigh sa tsuim iomlán a eisiódh, bunaithe ar a chion i gcaipiteal an BCE. Dá bhrí sin, ó dhearcadh náisiúnta, féadtar gur éileamh airgeadais ar neamhchónaitheigh é cuid de shealúchais cónaitheach d'airgeadra intíre sa limistéir euro.
- B5.2.2. Áirítear airgeadra arna eisiúint ag córas an euro monaí agus nótaí. Eisíonn córas an euro na nótaí; eisíonn rialtais láir an limistéir euro monaí, cé go láimhseáiltear iad de réir an ghnáis mar dhliteanais na mbanc ceannais náisiúnta a bhfuil éileamh barúlach ar an rialtas ginearálta acu mar chontrapháirt. Féadfaidh cónaitheigh an limistéir euro nó neamhchónaitheigh an limistéir euro nótaí bainc agus monaí euro a shealbhú.

Taiscí (F.22 agus F.29)

- 5.79 *Sainmhíniú:* is éard is taiscí ann, conarthaí caighdeánaithe doshannta leis an bpobal i gcoitinne, arna dtairiscint ag corparáidí glactha taiscí agus, i gcásanna áirithe, ag an rialtas ginearálta mar fhéichiúnaithe, agus a fhágann gur féidir leis an gcreidiúnaí an phríomhshuim a thaisceadh agus a aistarraingt ina dhiaidh sin. Is iondúil go dtugann an féichiúnaí an phríomhshuim iomlán ar ais don infheisteoir i gcás taiscí.

Taiscí inaistrithe (F.22)

- 5.80 *Sainmhíniú:* is taiscí iad taiscí inaistrithe ar féidir iad a mhalartú ar airgeadra ar iarratas, ar par, agus atá inúsáidte go díreach chun íocaíochtaí a dhéanamh le seic, dréacht, ordú gioró, creidmheas/dochar díreach, nó áiseanna íocaíochta díri eile, gan phionós ná srian.
- 5.81 Is iondúil go mbaineann taiscí inaistrithe le dliteanais corparáidí glactha taiscí cónaitheacha, dliteanais rialtais láir i gcásanna áirithe, agus le dliteanais aonad institiúideach neamhchónaitheach. Áirítear aon cheann díobh seo a leanas le taiscí inaistrithe:
- (a) suíomhanna idirbhainc idir institiúidí airgeadais airgeadaíochta;
- (b) taiscí atá ag corparáidí glactha taiscí i seilbh an bhainc cheannais sa bhreis ar na cúlchistí a bhfuil iallach orthu iad a bheith ina seilbh, agus ar féidir leo a úsáid gan fógra ná srian;

- (c) taiscí a thabhaíonn institiúidí airgeadais airgeadaíochta eile i leith an bhainc cheannais i bhfoirm cuntas óir neamh-leithdháilte nach ór airgeadaíochta iad, agus taiscí comhfhreagracha i bhfoirm cuntas miotail lómhair freisin;
- (d) taiscí airgeadra eachtraigh faoi shocrúithe babhtála; agus
- (e) suíomh cúlchiste an CAI a dhéanann “tráinse cúlchiste”, i.e. an CTS nó na suimeanna airgeadra eachtraigh is féidir le tír ar ballstát í a tharraingt ón CAI faoi ghearrfhógra, agus éilimh eile ar an CAI atá ar fáil go furasta don tír ar ballstát í, lena n-áirítear iasachtú na tíre tuairiscíochta chuig an CAI faoi na Socrúithe Ginearálta Iasachta (SGI) agus na Socrúithe Nua Iasachta (SNI).
- 5.82 D’fhéadfadh saoráidí rótharraingthe a bheith ag cuntais taisce inaistrithe. Má tá an cuntas rótharraingthe, is aistarraingt taisce atá san aistarraingt go dtí neamhní, agus is deonú iasachta atá i suim na rótharraingthe.
- 5.83 Féadfaidh na hearnálacha cónaitheacha go léir agus earnáil na coda eile den domhan taiscí inaistrithe a shealbhú.
- 5.84 Féadfar taiscí inaistrithe a roinnt de réir airgeadra ina dtaiscí inaistrithe atá ainmnithe in airgeadra intíre agus ina dtaiscí inaistrithe atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha.

Taiscí eile (F.29)

- 5.85 *Sainmhíniú:* is taiscí seachas taiscí inaistrithe iad taiscí eile. Ní féidir taiscí eile a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh ach amháin tráth a n-aibíochta nó tar éis tréimhse fógartha chomhaontaithe, agus níl siad inmhálartaithe i gcomhair airgeadra nó taiscí inaistrithe gan srian nó pionós suntasach éigin.
- 5.86 Áirítear an méid seo a leanas le taiscí eile:
- (a) taiscí ama, ar taiscí iad nach féidir a dhiúscairt láithreach, ach ar féidir a dhiúscairt tráth aibíochta comhaontaithe. Tá infhaighteacht na dtaiscí sin faoi réir téarma sheasta nó tá siad infhuascailte le fógra aistarraingthe. Cuimsíonn siad freisin taiscí leis an mbanc ceannais arna sealbhú mar chúlchistí éigeantacha ag corparáidí glactha taiscí a mhéid is nach féidir leis na taisceoirí iad a úsáid gan fógra nó srian;
- (b) taiscí coigiltis, leabhair choigiltis, cairteacha coigiltis doshannta nó deimhnithe taisce doshannta;
- (c) taiscí a d’eascair as scéim coigiltis nó as conradh coigiltis. Leis na taiscí sin, is minic a bhíonn oibleagáid ar an taisceoir íocaíochtaí rialta a dhéanamh thar thréimhse áirithe, agus ní bheidh fáil ar an gcaipiteal íochta agus an t-ús fabhráithe go dtí go mbeidh téarma seasta caite. Uaireanta, bíonn na taiscí sin comhcheangailte le heisiúint iasachtaí, ag deireadh na tréimhse coigiltis, atá comhréireach leis an gcoigilteas carntha, ar mhaithe le teaghais a cheannach nó a thógáil;
- (d) fianaise ar thaiscí arna heisiúint ag comhlachais coigiltis agus comhlachais iasachtaí, ag cumainn foirgníochta, ag comhair creidmheasa etc., dá ngairtear scaireanna uaireanta, atá infhuascailte ar éileamh nó faoi ghearrfhógra, ach nach bhfuil inaistrithe;
- (e) íocaíochtaí éarlaise inaisíochta a bhaineann le díorthaigh airgeadais ar dliteanais de chuid institiúidí airgeadais airgeadaíochta iad;
- (f) comhaontuithe athcheannaigh gearrthéarmacha ar dliteanais de chuid institiúidí airgeadais airgeadaíochta iad; agus
- (g) dliteanais i leith an CAI ar comhphárteanna iad de chúlchistí idirnáisiúnta agus nach bhfuil bunaithe ar iasachtaí; is éard atá iontu úsáid chreidmheas an Chiste laistigh de Chuntas Acmhainní Ginearálta an CAI. Cuntas ina dtomhaistear suim airgeadra comhalta den CAI a bhfuil sé d’oibleagáid ar an gcomhalta a athcheannach.
- 5.87 Ní áirítear le taiscí eile deimhnithe soshannta ar thaiscí agus cairteacha coigiltis soshannta. Aicmítear iad mar urrúis fiachais (AF.3).
- 5.88 Is féidir taiscí eile a roinnt de réir airgeadra ina dtaiscí eile ainmnithe in airgeadra intíre agus taiscí eile ainmnithe in airgeadraí eachtracha.

Urrúis fiachais (F.3)

- 5.89 *Sainmhíniú:* is ionstraimí airgeadais soshannta iad urrúis fiachais atá ina bhfianaise d’fhiacha.

Príomhghnéithe d'urrúis fiachais

- 5.90 Tá na saintréithe seo a leanas ag urrúis fiachais:
- (a) dáta eisithe ar a n-eisítear an t-urrúis fiachais;
 - (b) praghas eisithe ag a gceannaíonn infheisteoirí na hurrúis fiachais agus iad á n-eisiúint i dtosach báire;
 - (c) dáta fuascailte nó dáta aibíochta, ar a bhfuil an aisíocaíocht deiridh den phríomhshuim atá dlite sceidealta de réir an chonartha;
 - (d) praghas fuascailte nó aghaidhluach, is é sin an tsuim atá le híoc ag an eisitheoir leis an sealbhóir tráth na haibíochta;
 - (e) aibíocht bhunaidh, is é sin an tréimhse ón dáta eisithe go dtí an íocaíocht deiridh sceidealta de réir an chonartha;
 - (f) aibíocht iarmharach nó aibíocht eile, is é sin an tréimhse ón dáta tagartha go dtí an íocaíocht deiridh sceidealta de réir an chonartha;
 - (g) ráta cúpóin a íocann an t-eisitheoir le sealbhóirí na n-urrúis fiachais; féadfaidh an cúpón a bheith socraithe i rith thréimhse iomlán an urrúis fiachais, nó féadfaidh sé athrú le boillsciú, rátaí úis nó pragsanna sócmhainní. Ní thugann billí agus urrúis fiachais cúpóin nialasaigh ús cúpóin ar bith;
 - (h) dátaí cúpóin, ar a n-íocann an t-eisitheoir an cúpón le sealbhóirí na n-urrúis;
 - (i) féadfaidh an praghas eisiúna, an praghas fuascailte agus an ráta cúpóin a bheith ainmnithe (nó socraithe) in airgeadra náisiúnta nó in airgeadraí eachtracha; agus
 - (j) rátáil chreidmheasa urrúis fiachais, a dhéanann measúnú ar acmhainneacht creidmheasa eisiúintí urrúis fiachais aonair. Is iad gníomhaireachtaí aitheanta a shannann na catagóirí rátála.

Maidir le pointe (c) sa chéad fhomhír, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh an dáta aibíochta le comhshó urrúis fiachais ina scair. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn in-chomhshóiteacht gur féidir leis an sealbhóir urrúis fiachais a mhalartú i gcomhair ghnáthchothromas an eisitheora. Ciallaíonn inmhalartacht gur féidir leis an sealbhóir an t-urrúis fiachais a mhalartú ar scaireanna corparáide seachas an t-eisitheoir. Tá urrúis suthaine, nach bhfuil aon dáta aibíochta luaite leo, aicmithe mar urrúis fiachais.

- 5.91 Cuimsíonn urrúis fiachais sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar féidir cur síos a dhéanamh orthu de réir modhanna aicmithe éagsúla — de réir aibíochta, earnála agus fo-earnála sealúchais agus eisiúna, airgeadra, agus an chineáil ráta úis.

Aicmiú de réir aibíochta bunaidh agus airgeadra

- 5.92 Roinntear idirbhearta urrúis fiachais in dhá fho-aicme de réir aibíochta bunaidh:
- (a) urrúis fiachais ghearrthéarmacha (F.31); agus
 - (b) urrúis fiachais fhadtéarmacha (F.32).
- 5.93 Is féidir urrúis fiachais a bheith ainmnithe in airgeadra náisiúnta nó in airgeadraí eachtracha. D'fhéadfadh miondealú breise ar urrúis fiachais ainmnithe in airgeadraí eachtracha éagsúla a bheith iomchuí, agus tiocfaidh athrú air ag brath ar thábhacht choibhneasta na n-airgeadraí eachtracha aonair do gheilleagar.
- 5.94 Aicmítear urrúis fiachais a bhfuil an príomhshuim agus an cúpón araon nasctha le hairgeadra eachtrach mar urrúis fiachais atá ainmnithe san airgeadra eachtrach sin.

Aicmiú de réir an chineáil ráta úis

- 5.95 Féadfar urrúis fiachais a aicmiú de réir an chineáil ráta úis. Aithnítear trí ghrúpa urrúis fiachais:
- (a) urrúis fiachais ar ráta úis seasta;
 - (b) urrúis fiachais ar ráta úis athraitheach; agus
 - (c) urrúis fiachais ar ráta úis measctha.

Urrúis fiachais ar ráta úis seasta

- 5.96 Cumhdaíonn urrúis fiachais ar ráta úis seasta na nithe seo a leanas:
- (a) gnáthurrúis fiachais, a eisítear agus a fhuasclaítear ar parluach;
 - (b) urrúis fiachais a eisítear ag lascaine nó ag préimh dá bparluach. Samplaí de sin is ea billí státchiste, páipéar tráchtála, nótaí gealltanais, glacachtaí billí, formhuinithe billí agus deimhnithe taisce;
 - (c) bannaí ar mhórlascaine a bhfuil íocaíochtaí úis beaga orthu agus a eisíodh ag lascaine shuntasach ar parluach;
 - (d) bannaí cúpóin nialasaigh, ar urrúis fiachais íocaíochta aonair iad gan aon íocaíochtaí cúpóin. Díoltar an banna ag lascaine ar parluach, agus aisíoctar an phríomhshuim tráth a haibíochta, nó fuasclaítear í i dtráinsí uaireanta. Féadfar bannaí cúpóin nialasaigh a chruthú ó urrúis fiachais ar rátaí socraithe trí na cúpóin a dheighilt, is é sin, trí na cúpóin a scaradh ó phríomhíocaíocht deiridh an urrúis agus iad a thrádáil go neamhspleách;
 - (e) Trádáil Dheighilte Úis agus Bunaigid (Strips), nó urrúis fiachais dheighilte, ar urrúis iad a bhfuil na codanna úis agus na híocaíochtaí príomhshuime scartha nó “deighilte” óna chéile, agus ar féidir iad a dhíol ar leithligh ansin;
 - (f) urrúis fiachais suthaine, inghlaoite agus indéala, agus urrúis fiachais le foráil ciste fiachmhúchta;
 - (g) bannaí in-chomhshóite, ar féidir iad a chomhshó i geothromas an eisitheora, de rogha an tsealbhóra, agus a ndéantar iad a aicmiú mar scaireanna ag an bpointe sin; agus
 - (h) bannaí inmhalartaithe, le rogha leabaithe chun an t-urrúis a mhalartú ar scair i gcorparáid seachas an t-eisitheoir, go hiondúil fochorparáid nó cuideachta ina bhfuil scair ag an eisitheoir, ag dáta éigin sa todhchaí agus faoi choinníollacha comhaontaithe.
- 5.97 Cuimsíonn urrúis fiachais ar ráta úis seasta urrúis fiachais eile freisin, amhail bannaí barántais cothromais, fobhannaí, scaireanna tosaíochta neamh-rannpháirteacha a íocann ioncam seasta ach nach ndéanann soláthar d’aon rannpháirtíocht i ndáileadh luach iarmharach corparáide nuair a dhíscailtear é, agus ionstraimí stápláilte.

Urrúis fiachais ar ráta úis athraitheach

- 5.98 Tá ús agus/nó íocaíochtaí príomhshuime urrúis fiachais ar ráta úis athraitheach nasctha leo seo a leanas:
- (a) innéacs praghsanna ginearálta i gcomhair earraí agus seirbhísí (amhail an t-innéacs praghsanna do thomhaltóirí);
 - (b) ráta úis; nó
 - (c) praghas sócmhainne.
- 5.99 Is iondúil go n-aicmítear urrúis fiachais ar ráta úis athraitheach mar urrúis fiachais fhadtéarmacha, mura bhfuil aibíocht bhunaidh de bhliain amháin nó níos lú acu.
- 5.100 Cuimsíonn urrúis fiachais atá nasctha le boilsciú agus nasctha le praghas sócmhainne na hurrúis fiachais sin a eisíodh mar bhannaí atá nasctha le boilsciú agus mar bhannaí atá nasctha le tráchtarraí. Tá na cúpóin agus/nó luach fuascaite banna atá nasctha le tráchtarraí, nasctha le praghas tráchtarra. Aicmítear urrúis fiachais, a bhfuil an t-ús orthu nasctha le rátáil chreidmheasa iasachtaí eile, mar urrúis fiachais treoirnaisc, ós rud é nach n-athraíonn rátálacha creidmheasa go leanúnach mar fhreagairt ar choinníollacha an mhargaidh.
- 5.101 I gcás urrúis fiachais atá nasctha le ráta úis, tá an t-ús ainmniúil conarthach agus/nó an luach fuascaite athraitheach ó thaobh airgeadra náisiúnta de. Ag an dáta eisithe, ní féidir leis an eisitheoir luach aisíocaíochtaí na príomhshuime agus an úis a bheith ar eolas aige.

Urrúis fiachais ar ráta úis measctha

- 5.102 Bíonn ráta cúpóin seasta agus ráta cúpóin athraitheach thar a saolré iomlán ag urrúis fiachais ar ráta úis measctha, agus aicmítear iad mar urrúis fiachais ar ráta úis athraitheach. Cumhdaíonn siad urrúis fiachais a bhfuil na nithe seo a leanas iontu:
- (a) cúpón seasta agus cúpón athraitheach ag an am céanna;
 - (b) cúpón seasta nó athraitheach go dtí pointe tagartha ar leith agus ansin cúpón athraitheach nó seasta ón bpointe tagartha sin go dtí dáta na haibíochta; nó

- (c) íocaíochtaí cúpóin atá réamhshocraithe do shaolré iomlán na n-urrús fiachais, ach nach bhfuil seasmhach thar thréimhse ama. Tugtar urrúis fiachais chéimnithe orthu sin.

Láithrithe príobháideacha

- 5.103 Cuimsítear láithrithe príobháideacha faoi urrúis fiachais freisin. Is eisitheoir ag díol urrúis fiachais díreach le líon beag infheisteoirí a bhíonn i láithrithe príobháideacha. Ní hiondúil go ndéanann gníomhaireachtaí rátála creidmheasa measúnú ar acmhainneacht creidmheasa eisitheoirí na n-urrús fiachais sin, agus ní dhéantar athdhíol ná athphraghsáil ar na hurrúis go hiondúil, agus mar sin tá an margadh tánaisteach tanáil. Baineann formhór na láithrithe príobháideacha amach an critéar maidir lena bheith soshannta, áfach, agus aicmítear iad mar urrúis fiachais.

Urrúsú

- 5.104 *Sainmhíniú:* is éard is urrúsú ann eisiúint urrús fiachais íocaíochtaí príomhshuime nó cúpóin bunaithe ar shócmhainní sainithe nó ar shruthanna ioncainm todhchaí. Féadfar urrúsú a dhéanamh ar go leor cineálacha sócmhainní nó sruthanna ioncainm todhchaí, lena n-áirítear iasachtaí morgáiste tráchtála agus cónaitheacha; iasachtaí do thomhaltóirí; iasachtaí corparáideacha; conarthaí árachais; díorthaigh chreidmheasa; agus ioncam todhchaí.
- 5.105 Is nuálaíocht thábhachtach airgeadais atá in urrúsú sócmhainní nó sruthanna ioncainm todhchaí, as ar cruthaíodh corparáidí airgeadais nua ar baineadh an-úsáid astu chun cruthú, margú agus eisiúint urrús fiachais a éascú. Baineann comaoineacha éagsúla le hurrúsú. I gcás corparáidí, áirítear leis na comaoineacha sin: cistiúcháin níos saoire ná mar atá ar fáil trí shaoráidí baincéireachta; laghdú i gceanglais chaipitil rialaitheacha; aistriú cineálacha éagsúla riosca amhail riosca creidmheasa nó riosca árachais; agus éagsúlú foinsí cistiúcháin.
- 5.106 Bíonn scéimeanna urrúsaithe éagsúla ann taobh istigh de mhargaí urrús fiachais agus tharstu. Is féidir na scéimeanna seo a roinnt in dhá chineál ghinearálta:
- (a) corparáid airgeadais a ghlacann páirt in urrúsú sócmhainní agus aistriú sócmhainní a sholáthraíonn comhthaobhacht ón sealbhóir bunaidh, ar a tugtar fiordhiolachán; agus
- (b) scéimeanna urrúsaithe ina bhfuil corparáid airgeadais atá i mbun urrúsú sócmhainní agus aistriú riosca creidmheasa amháin, agus úsáid á baint as babhtálacha mainneachtana creidmheasa — coinníonn an t-úinéir bunaidh na sócmhainní, ach tugann sé ar aghaidh an riosca creidmheasa. Tugtar urrúsú sintéiseach air sin.
- 5.107 Maidir leis an scéim dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 5.106, cruthaítear corparáid urrúsaithe chun sócmhainní urrúsaithe nó sócmhainní eile arna n-urrúsú ag an sealbhóir bunaidh a shealbhú, agus chun urrúis fiachais arna gcomhthaobhú ag na sócmhainní sin a eisiúint.
- 5.108 Tá sé riachtanach a chruthú, go háirithe, an bhfuil an chorparáid airgeadais atá i mbun urrúsú sócmhainní ag bainistiú a punainne trí urrúis fiachais a eisiúint, seachas trí fheidhmiú mar iontaobhas a bhainistíonn sócmhainní nó a shealbháíonn urrúis fiachais go héighníomhach. I gcás ina bhfuil an chorparáid ina húinéir dlíthiúil ar phunann sócmhainní, ina n-eisiúint sí urrúis fiachais a léiríonn leas sa phunann, ina bhfuil sraith iomlán cuntas aici, feidhmíonn sí mar idirghabhálaí airgeadais atá aicmithe faoi idirghabhálaithe airgeadais eile. Déantar idirdhealú idir corparáidí airgeadais atá i mbun urrúsú sócmhainní agus eintitis a chruthaítear chun punann ar leith sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a shealbhú agus chuige sin amháin. Tá na heintitis sin comhcheangailte lena máthairchorparáid, má tá siad cónaitheach sa tír chéanna leis an gcorparáid sin. I gcás eintiteas neamhchónaitheach, áfach, láimhseáiltear iad mar aonaid institiúideacha ar leithligh agus aicmítear iad mar institiúidí airgeadais faoi chuing.
- 5.109 I gcás scéim urrúsaithe dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 5.106, aistríonn úinéir bunaidh na sócmhainní, nó ceannaitheoir na cosanta, an riosca creidmheasa a bhaineann le comhthiomsú sócmhainní tagartha éagsúlaithe chuig corparáid urrúsaithe trí bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa, ach coinníonn sé na sócmhainní féin. Cuirtear na fáiltais ó eisiúint urrús fiachais i dtaisce nó in infheistíocht shábháilte eile amhail bannaí AAA, agus maoiníonn an t-ús a fhabhraítear ar an taisce, mar aon leis an bpréimh ó na bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa, an t-ús ar na hurrúis fiachais a eisítear. I gcás mainneachtana, laghdaítear an phríomhshuim atá dlite do shealbhóirí an urrús de bhun sócmhainní — agus is iad na tránsí sóisearacha a bhíonn thíos leis ar dtús, etc. Is féidir íocaíochtaí cúpóin agus íocaíochtaí príomhshuime a atreorú chuig úinéir bunaidh na comhthaobhachta freisin ó infheisteoirí sna hurrúis fiachais chun cailteanas mhainneachtana a chumhdach.
- 5.110 Is urrús fiachais é urrús de bhun sócmhainní (ABS) a bhfuil a phríomhshuim agus/nó a ús iníochta ó na sreafaí airgid a tháirgeann comhthiomsú sainithe sócmhainní airgeadais nó neamhairgeadais, agus uathu sin amháin.

Bannaí cumhdaithe

- 5.111 *Sainmhíniú:* is urrúis fiachais iad bannaí cumhdaithe a eisiúint corparáid airgeadais, nó atá ráthaithe go hiomlán ag corparáid airgeadais. I gcás mainneachtana ag an gcorparáid airgeadais a d'eisigh na bannaí nó atá ina ráthóir, tá éileamh tosaíochta ag sealbhóirí bannaí ar an gcomhthiomsú cumhdaigh, i dtéannta a ngnáthéilimh ar an gcorparáid airgeadais.

Iasachtaí (F.4)

5.112 *Sainmhíniú:* cruthaítear iasachtaí nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe.

Príomhghnéithe iasachtaí

5.113 Bíonn na tréithe seo a leanas ag iasachtaí:

- (a) socraíonn an chorparáid airgeadais a dheonaíonn an iasacht na coinníollacha a rialaíonn iasacht nó comhaontaíonn an t-iasachtóir agus an t-iasachtaí iad go díreach nó trí bhróicéir;
- (b) is é an t-iasachtaí a thionscnaíonn an iasacht de ghnáth; agus
- (c) is ionann iasacht agus fiach neamhchoinníollach atá dlite don chreidiúnaí is gá a aisíoc tráth a aibíochta agus atá úsmhar.

5.114 Féadtar gur sócmhainní airgeadais nó dliteanas airgeadais na n-earnálacha cónaitheacha uile agus na coda eile den domhan iad iasachtaí. Is iondúil go dtairfeadann corparáidí glactha taiscí dliteanas ghearrthéarmacha mar thaiscí, seachas mar iasachtaí.

Aicmiú iasachtaí de réir aibíochta bunaidh, airgeadra agus chuspóir an iasachtaithe

5.115 Is féidir aicmiú a dhéanamh ar idirbhearta iasachtaí in dhá chatagóir de réir aibíochta bunaidh:

- (a) iasachtaí gearrthéarmacha (F.41) le haibíocht bhunaidh ghearrthéarmach, lena n-áirítear iasachtaí atá inaisíoctha ar éileamh; agus
- (b) iasachtaí fadtéarmacha (F.42) le haibíocht bhunaidh fhadtéarmach.

5.116 Féadfáir fo-aicmiú breise a dhéanamh ar iasachtaí, ó thaobh anailíse de, mar seo a leanas:

- (a) iasachtaí ainmnithe in airgeadra náisiúnta; agus
- (b) iasachtaí ainmnithe in airgeadraí eachtracha.

I gcás teaghlach, tá an fo-aicmiú seo a leanas úsáideach:

- (a) iasachtaí i ndáil le tomhaltas;
- (b) iasachtaí i ndáil le ceannach tithé; agus
- (c) iasachtaí eile.

Idirdhealú idir idirbhearta iasachtaí agus idirbhearta taiscí

5.117 Is é an t-idirdhealú idir idirbhearta iasachtaí (F.4) agus idirbhearta taiscí (F.22) ná go dtáirgeann an féichiúnaí conradh doshannta caighdeánaithe i gcás iasachta, ach ní dhéantar amhlaidh i gcás taisce.

5.118 Aicmítear iasachtaí gearrthéarmacha a dheonaítear ar chorparáidí glactha taiscí mar thaiscí inaistrithe nó mar thaiscí eile, agus aicmítear iasachtaí gearrthéarmacha a nglacann aonaid institiúideacha seachas corparáidí glactha taiscí leo mar iasachtaí gearrthéarmacha.

5.119 Tairfeadtair láithrithe cistí idir chorparáidí glactha taiscí mar thaiscí i gcónaí.

Idirdhealú idir idirbhearta iasachtaí agus idirbhearta urrús fiachais

5.120 Is é an t-idirdhealú idir idirbhearta iasachtaí (F.4) agus idirbhearta urrús fiachais (F.3) gur ionstraimí airgeadais doshannta iad iasachtaí agus gur ionstraimí airgeadais soshannta iad urrús fiachais.

5.121 Fianaítear iasachtaí i bhformhór na gcásanna le doiciméad aonair agus cuirtear idirbhearta iasachtaí i gcrích idir creidiúnaí amháin agus féichiúnaí amháin. Is éard is eisiúintí urrús fiachais ann, líon mór doiciméad comhionann, slánuim i gceist i ngach doiciméad acu, arb ionann iad le chéile agus an tsuim iomlán a fuarthas ar iasacht.

5.122 Tá margadh tánaisteach ann in iasachtaí. I gcásanna ina bhfuil iasachtaí soshannta ar mhargadh eagraithe, ní mór iad a athaicmiú ó iasachtaí go hurrús fiachais, ar an gcuntar go bhfuil fianaise ann de thrádáil ar an margadh tánaisteach, lena n-áirítear cruthaitheoirí margaidh, agus go ndéantar an tsócmhainn airgeadais a lua go minic, mar atá i gceist le raon tairisceana is atairisceana. Is iondúil go mbíonn comhshó sainráite ar an iasacht bhunaidh i gceist.

- 5.123 I bhformhór na gcásanna tairgeann corparáidí airgeadais iasachtaí caighdeánacha agus is minic a dheonaítear iad ar theaghligh. Cinneann na corparáidí airgeadais na coinníollacha agus níl de rogha ag teaghligh ach glacadh nó gan glacadh leo. Is iondúil gur mar thoradh ar chaibidlíochtaí idir an creidiúnaí agus an féichiúnaí a chruthaítear coinníollacha iasachtaí neamhchaighdeánacha, áfach. Is critéar tábhachtach é sin a éascaíonn idirdhealú idir iasachtaí neamhchaighdeánacha agus urrúis fiachais. I gcás eisiúintí poiblí urrús, is é an t-iasachtaí a chinneann na coinníollacha eisiúna, b'fhéidir tar éis dul i gcomhairle leis an mbanc/leis an gceannbhairneoir is banc. I gcás eisiúintí príobháideacha urrús, áfach, caibidlíonn an creidiúnaí agus an féichiúnaí coinníollacha na heisiúna.

Idirdhealú idir idirbhearta iasachtaí, creidmheasanna trádála agus billí trádála

- 5.124 Is éard is creidmheas trádála ann, creidmheas a thugann soláthraithe earraí agus seirbhísí díreach dá gcustaiméirí. Tarlaíonn creidmheas trádála nuair nach n-íoctar as earraí agus as seirbhísí ag an am céanna leis an athrú úinéireachta ar earra nó le soláthar seirbhíse.
- 5.125 Déantar idirdhealú idir creidmheas trádála agus iasachtaí chun trádáil a mhaoiniú, a aicmítear mar iasachtaí. Bíonn billí trádála a tharraingíonn soláthraí earraí agus seirbhísí ar chustaiméir, a lascainíonn an soláthraí le corparáid airgeadais ina dhiaidh sin, ina n-éileamh ó thrú páirtí ar an gcustaiméir.

Iasachtú urrús agus comhaontuithe athcheannaigh

- 5.126 *Sainmhíniú:* is aistriú sealadach urrús ón iasachtóir go dtí an t-iasachtaí atá i gceist le hiasachtú urrús. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an iasachtóir urrús sócmhainní a sholáthar mar chomhthaobhacht don iasachtóir urrús, i bhfoirm airgid nó urrús. Tugtar teidlíocht dhlíthiúil ar aghaidh ar an dá thaobh den idirbheart ionas gur féidir urrús ar iasacht agus comhthaobhacht a dhíol nó a thabhairt ar iasacht arís.
- 5.127 *Sainmhíniú:* is socrú é comhaontú athcheannaigh urrús ina mbíonn urrúis amhail urrúis fiachais nó scaireanna á gcur ar fáil mar mhalairt ar airgead nó ar mhodh íocaíochta eile, agus tugtar tiomantas na hurrúis chéanna nó urrúis chomhchosúla a athcheannach ar phraghas seasta. Féadfaidh an tiomantas athcheannaigh a bheith ar dháta socraithe sa todhchaí nó ar dháta aibíochta "oscailte".
- 5.128 Is téarmaí difriúla iad iasachtú urrús le comhthaobhacht i bhfoirm airgid, ar an taobh amháin, agus comhaontú athcheannaigh, ar an taobh eile, ach is socrúithe airgeadais iad an dá théarma a mbíonn na héifeachtaí eacnamaíocha céanna leo, is é sin, éifeachtaí iasachta urraithe, ós rud é go bhfuil soláthar urrús mar chomhthaobhacht ar iasacht nó ar thaisce i gceist sa dá shocrú, i gcás ina ndíolann corparáid glactha taisc na hurrúis faoi shocrú airgeadais den chineál sin. Taispeántar gnéithe éagsúla an dá shocrú i dTábla 5.2.

Tábla 5.2 — Príomhghnéithe a bhaineann le hiasachtú urrús agus le comhaontuithe athcheannaigh

Gné	Iasachtú urrús		Comhaontuithe athcheannaigh	
	Comhthaobhacht in airgead	Gan comhthaobhacht i bhfoirm airgid	Urrúis shonracha	Comhthaobhacht ghinearálta
Modh foirmiúil malairte	Iasachtú urrús le comhaontú ón iasachtaí é a sheachadadh ar ais chuig an iasachtóir		Díol urrús agus tiomantas iad a athcheannach faoi théarmaí máistir-chomhaontaithe	
Cineál malairte	Urrúis i gcoinne airgid	Urrúis i gcoinne aon chomhthaobhachta eile (más ann dí)	Urrúis i gcoinne airgid	Airgead i gcoinne urrús
Íoctar toradh leis an soláthraí den	Comhthaobhacht in airgead (iasachtaí na n-urrús)	Urrúis (ní urrúis chomhthaobhachta) (iasachtóir na n-urrús)	Airgead tirim	Airgead tirim
Toradh inaisíochta mar	Táille	Táille	Ráta athcheannaigh	Ráta athcheannaigh

- 5.129 Láimhseáiltear na hurrúis a sholáthraítear faoi chomhaontuithe iasachtaithe urrús agus comhaontuithe athcheannaigh amhail is nár athraigh an úinéireacht eacnamaíoch toisc go bhfuil an t-iasachtóir fós ina thairbhí ar an toradh ioncaim ón urrús agus faoi réir na rioscaí nó na mbuntáistí a bhaineann le haon athrú ar phraghas an urrús.
- 5.130 Níl aon eisiúint nua urrús fiachais i gceist le soláthar agus fáil cistí faoi chomhaontú athcheannaigh urrús nó faoi iasachtú urrús le comhthaobhacht i bhfoirm airgid. Déantar cistí a sholáthraítear ar an dóigh sin d'aonaid institiúideacha seachas d'institiúidí airgeadais airgeadaíochta a láimhseáil mar iasachtaí; i gcás corparáidí glactha taisc, láimhseáiltear mar thaisc iad.

- 5.131 Mura bhfuil soláthar airgid i gceist le hiasachtú urrús, is é sin, má mhalartaítear urrús amháin ar urrús eile, nó má sholáthraíonn páirtí amháin urrús gan chomhthaobhacht, níl ann d'idirbheart iasachtaí, taiscí ná urrús.
- 5.132 Is mar iasachtaí a aicmítear glaonna ar éarlais in airgead faoi chomhaontú athcheannaigh.
- 5.133 Tá babhtálacha óir cosúil le comhaontuithe athcheannaigh urrús ach amháin gurb é an t-ór an chomhthaobhacht. Bíonn malairt óir i gcomhair taiscí airgeadra eachtraigh i gceist, mar aon le comhaontú go n-aisiompófar an t-idirbheart ar dháta comhaontaithe sa todhchaí ag praghas comhaontaithe ar an ór. Taifeadtar an t-idirbheart mar iasacht chomhthaobhaithe nó mar thaisce.

Léasanna airgeadais

- 5.134 *Sainmhíniú:* is conradh é léas airgeadais faoina ndéanann an léasóir, mar úinéir dlíthiúil sócmhainne, na rioscaí agus na buntáistí a bhaineann leis an úinéireacht ar an tsócmhainn a chur ar an léasaí. Faoi léas airgeadais, meastar go bhfuil an léasóir tar éis iasacht a dheonadh don léasaí, ar iasacht í a úsáideann an léasaí chun an tsócmhainn a fháil mar éadail. Ina dhiaidh sin, taispeántar an tsócmhainn léasaithe ar chláir comhardaithe an léasaí seachas ar chláir comhardaithe an léasóra; taispeántar an iasacht chomhfhreagrach mar shócmhainn de chuid an léasóra agus mar dhliteanas de chuid an léasaí.
- 5.135 Féadfár léasanna airgeadais a aithint ó chineálacha eile léasanna ós rud é go n-aistrítear na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht ó úinéir dlíthiúil an earra go húsáideoir an earra. Ar na cineálacha eile léasanna, tá (i) léas oibriúcháin; (ii) léas acmhainne. Is féidir a mheas gur léasanna freisin conarthaí, léasanna agus ceadúnais mar a shainítear iad i gCaibidil 15.

Cineálacha eile iasachtaí

- 5.136 Cuimsíonn catagóir na n-iasachtaí an méid seo a leanas:
- (a) rótharraingtí ar chuntais taiscí inaistrithe, sa chás nach láimhseáiltear an tsuim rótharraingthe mar thaisce inaistrithe dhiúltach;
 - (b) rótharraingtí ar chuntais reatha eile, mar shampla, comharduithe inghrúpa idir corparáidí neamhairgeadais agus a bhfochorparáidí, ach gan comharduithe ar dliteanas iad de chuid na n-institiúidí airgeadais airgeadaíochta atá aicmithe i bhfochatagóirí na dtaiscí a áireamh;
 - (c) éilimh airgeadais fostaithe i ngeall ar an bpáirt a ghlac siad i mbrabús a ghnóthú don chorparáid;
 - (d) íocaíochtaí éarlaise inaisíochta a bhaineann le díorthaigh airgeadais ar dliteanas de chuid aonad institiúideach seachas institiúidí airgeadais airgeadaíochta iad;
 - (e) iasachtaí ar contraphárteanna de dheimhniúcháin baincérí iad;
 - (f) iasachtaí morgáiste;
 - (g) creidmheas do thomhaltóirí;
 - (h) creidmheasanna imrothlacha;
 - (i) iasachtaí is iníochta i dtráthchodanna;
 - (j) iasachtaí a íoctar mar ráthaíocht as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh;
 - (k) ráthaíochtaí taisce mar éilimh airgeadais de chorparáidí athrachais ar chorparáidí géillte;
 - (l) éilimh airgeadais ar an CAI bunaithe ar iasachtaí sa Chuntas Acmhainní Ginearálta, lena n-áirítear iasachtaí faoi na Socraíochtaí Ginearálta Iasachta (SGI) agus na Socraíochtaí Nua Iasachta (SNI); agus
 - (m) dliteanas don CAI bunaithe ar chreidmheas CAI nó iasachtaí ón tSaoráid Laghdaithe Bochtaineachta agus Fáis (SLBF).
- 5.137 Pléitear cás speisialta iasachtaí neamhthuillmheacha i gCaibidil 7.

Sócmhainní airgeadais atá eisiata ón gcatagóir iasachtaí

- 5.138 Ní áirítear an méid seo a leanas sa chatagóir iasachtaí:
- (a) cuntais eile infhála/iníochta (AF.8), lena n-áirítear creidmheasanna trádála agus airleacain (AF.81); agus

(b) sócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais a thig as úinéireacht sócmhainní dochorraithe, amhail talamh agus déanmhais, ag neamhchónaithe. Tá siad aicmithe faoi chothromas eile (AF.519).

Cothromas agus scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta (F.5)

- 5.139 *Sainmhíniú:* is ionann cothromas agus scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta agus éilimh iarmharacha ar shócmhainní na n-aonad institiúideach a d'eisigh na scaireanna nó na haonaid.
- 5.140 Roinntear cothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta in dhá fho-aicme:
- (a) cothromas (F.51); agus
- (b) scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta (F.52).

Cothromas (F.51)

- 5.141 *Sainmhíniú:* is sócmhainn airgeadais atá i gcothromas ar éileamh é ar luach iarmharach corparáide, tar éis do gach éileamh eile a bheith glanta.
- 5.142 Is iondúil go mbíonn scaireanna, stoic, admhálacha taisclainne, rannpháirtíochtaí nó doiciméid dá samhail ina bhfianaise ar úinéireacht chothromais in eintitis dhlíthiúla. Tá an bhrí chéanna le scaireanna agus le stoic.

Admhálacha taisclainne

- 5.143 *Sainmhíniú:* léiríonn admhálacha taisclainne úinéireacht ar urrúis atá liostaithe i ngeilleagair eile; láimhseáiltear úinéireacht ar na hadmhálacha taisclainne mar úinéireacht dhíreach ar na hurrúis bhunúsacha. Eisíonn taisclann admhálacha atá liostaithe ar mhalartán amháin a léiríonn úinéireacht ar urrúis atá liostaithe ar mhalartán eile. Éascaíonn admhálacha taisclainne idirbhearta urrúis i ngeilleagair seachas an geilleagar ina bhfuil na hurrúis liostaithe. Is féidir leis na hurrúis bhunúsacha a bheith ina scaireanna nó ina n-urrúis fiachais.
- 5.144 Déantar fo-aicmiú ar chothromas mar seo a leanas:
- (a) scaireanna liostaithe (F.511);
- (b) scaireanna neamhliostaithe (F.512); agus
- (c) cothromas eile (F.519).
- 5.145 Tá scaireanna liostaithe agus scaireanna neamhliostaithe araon soshannta, agus déantar cur síos orthu mar urrúis chothromais.

Scaireanna liostaithe (F.511)

- 5.146 *Sainmhíniú:* is urrúis chothromais atá liostaithe ar mhalartán iad scaireanna liostaithe. Féadfaidh malartán den chineál sin a bheith ina stocmhalartán aitheanta nó i bhfoirm ar bith eile de mhargadh tánaisteach. Tugtar scaireanna luaithe ar scaireanna liostaithe freisin. Ciallaíonn praghsanna luaithe scaireanna a bhíonn liostaithe ar mhalartán go mbíonn praghsanna reatha an mhargaidh ar fáil go furasta go hiondúil.

Scaireanna neamhliostaithe (F.512)

- 5.147 *Sainmhíniú:* is urrúis chothromais nach bhfuil liostaithe ar mhalartán iad scaireanna neamhliostaithe.
- 5.148 Áirítear le hurrúis chothromais scaireanna arna n-eisiúint ag cuideachtaí neamhliostaithe faoi dhliteanas teoranta mar seo a leanas:
- (a) scaireanna caipitil lena dtugtar stádas comhúinéireachta do shealbhóirí agus lena dtugtar teidlíocht dóibh ar sciar sa bhrabús dáilte iomlán agus ar sciar sna glansócmhainní i gcás leachtaithe;
- (b) scaireanna fuascailte ar aisíocadh a gcaipiteal ach arna gcoimeád ag sealbhóirí, a leanann de bheith ina gcomhúinéirí agus de bheith i dteideal sciar sa bhrabús atá fanta tar éis na díbhinní ar an gcaipiteal cláraithe atá fanta a íoc, agus ar sciar in aon bharrachas a bheidh fanta i gcás leachtaithe, i.e. na glansócmhainní lúide an caipiteal cláraithe atá fanta;
- (c) scaireanna díbhinní, ar a dtugtar scaireanna bunaitheoirí freisin, scaireanna brabúis, agus scaireanna díbhinní, nach bhfuil mar chuid den chaipiteal cláraithe. Ní thugann scaireanna díbhinní stádas comhúinéireachta do shealbhóirí — mar sin níl sé de cheart ag sealbhóirí sciar a fháil in aisíocáíocht an chaipitil chláraithe, níl sé de cheart acu toradh a fháil ar an gcaipiteal sin, níl sé de cheart acu vótáil ag cruinnithe scairsealbhóirí, etc. Dá ainneoin sin, bíonn na sealbhóirí i dteideal cion d'aon bhrabús a bheidh fágtha tar éis na díbhinní a bheith íoctha ar an gcaipiteal cláraithe, agus do chéatadán d'aon bharrachas atá fágtha tar éis leachtaithe;

(d) scaireanna nó stoic tosaíochta rannpháirteacha, a thugann teidlíocht do shealbhóirí a bheith rannpháirteach i ndáileadh luach iarmharach corparáide nuair a dhíscaoiltear é. Tá sé de cheart freisin ag na sealbhóirí a bheith rannpháirteach i ndáibhinní breise os cionn an chéatadán shocraithe díbhinne, nó na díbhinní sin a fháil. Is iondúil go n-íoctar na díbhinní breise i gcomhréir le haon ghnáthdhíbhinní a fhógraítear. I gcás leachtaithe, tá sé de cheart ag scairshealbhóirí tosaíochta rannpháirteacha sciar a fháil in aon fháltais a fhaigheann na gnáth-scairshealbhóirí, agus an tsuim a d'íoc siad ar a scaireanna a fháil ar ais.

Tairiscint tosaigh don phobal, liostú, díliostú agus athcheannach scaireanna

- 5.149 Is éard is tairiscint tosaigh don phobal (TTP) ann, dá ngairtear “iasacht a chur ar an margadh” nó “eisiúint urrús” freisin, urrúis chothromais a bheith á n-eisiúint ag corparáid don phobal den chéad uair. Is minic a eisíonn corparáidí beaga níos óige na hurrúis chothromais ar chúiseanna airgeadais, agus is minic a eisíonn gnóthais níos mó iad chun go mbeidh siad á dtrádáil go poiblí. I dtairiscint tosaigh don phobal, is féidir leis an eiseitheoir cúnaimh a fháil ó eintiteas frithgheallta, a chabhróidh leis an gcineál urrúis chothromais atá le heisiúint a chinneadh, mar aon leis an bpraghas tairisceana is fearr, agus an t-am chun é a chur ar an margadh.
- 5.150 Tagraíonn liostú do scaireanna na corparáide a bheith ar liosta na stoc a thrádáiltear go hoifigiúil ar stocmhalartán. Is í an chorparáid eisiúna, go hiondúil, a chuireann isteach ar liostú, ach i dtíortha áirithe is féidir leis an stocmhalartán corparáid a liostú, mar shampla, toisc go bhfuil trádáil ghníomhach á déanamh cheana féin ar a stoc go neamhfhoirmiúil. De ghnáth, i measc na riachtanas tosaigh liostaithe bíonn ráitis airgeadais le haghaidh roinnt blianta, méid sách mór den tsuim atá á cur i measc an phobail mar ghlanfhigiúr agus mar chéatadán den stoc iomlán amuigh, agus réamheolaire formheasta, ina mbíonn tuairimí ó mheasúnóirí neamhspleacha áirithe de ghnáth. Tagraíonn díliostú don chleachtas scaireanna corparáide a bhaint de stocmhalartán. Tarlaíonn sin nuair a théann corparáid as gnó, nuair a fhógraíonn sí féimheacht, nuair nach sásaíonn sí rialacha liostála stocmhalartáin a thuilleadh, nó nuair atá sí athraithe go samhailchorparáid nó gnóthas neamhchorpraithe, mar thoradh ar chumasc nó ar éadáil go minic. Taifeadtar liostú mar eisiúint scaireanna liostaithe agus mar fhuascailt scaireanna neamhliostaithe, agus taifeadtar díliostú mar fhuascailt scaireanna liostaithe agus eisiúint scaireanna neamhliostaithe i gcás inarb iomchuí.
- 5.151 Féadfáidh corparáidí a gcothromas féin a athcheannach in athcheannach scaireanna, agus tugtar athcheannach stoic nó athcheannach scaireanna air sin freisin. Taifeadtar athcheannach scaireanna mar idirbheart airgeadais, a sholáthraíonn airgead do na scairshealbhóirí reatha mar mhalairt ar chuid den chothromas atá amuigh ar an gcorparáid. Is é sin, malartaítear airgead ar laghdú ar an líon scaireanna amuigh. Aistarraingíonn an chorparáid na scaireanna nó coinníonn sí iad mar “stoc státchiste”, atá ar fáil le hatheisiúint.

Sócmhainní airgeadais atá eisiata ó urrúis chothromais

- 5.152 Ní áirítear an méid seo a leanas le hurrúis chothromais:
- (a) scaireanna a thairgtear le díol ach nach ngactar nuair a eisítear iad. Ní thaifeadtar iad;
 - (b) bintiúir agus stoc iasachta atá in-chomhshóite ina scaireanna. Aicmítear mar urrúis fiachais (AF.3) iad go dtí an t-am a chomhshóitear iad;
 - (c) cothromas comhpháirtithe ag a bhfuil dliteanas neamhtheoranta i gcomhpháirtíochtaí corpraithe. Aicmítear mar chothromas eile iad;
 - (d) infheistíochtaí an rialtais i gcaipiteal eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhunaítear go dleathach mar chorparáidí le scairchaipiteal. Aicmítear mar chothromas eile (AF.519) iad;
 - (e) eisiúint scaireanna bónaís i.e. eisiúint gan íocaíocht scaireanna nua ar scairshealbhóirí i gcomhréir lena sealúchais. Ní idirbheart airgeadais atá i gceist le heisiúint den chineál sin nach n-athraíonn dliteanas na corparáide maidir leis na scairshealbhóirí ná an céatadán de na sócmhainní atá ag gach scairshealbhóir sa chorparáid. Ní thaifeadtar eisiúintí scairscoilte ach oiread.

Cothromas eile (F.519)

- 5.153 *Sainmhíniú:* tá cothromas eile comhdhéanta de gach cineál cothromais seachas an cothromas sin atá aicmithe i bhfochatagóirí na scaireanna liostaithe (AF.511) agus na scaireanna neamhliostaithe (AF.512).
- 5.154 Áirítear an méid seo a leanas le cothromas eile:

- (a) gach cineál cothromais i gcorparáidí nach scaireanna iad, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (1) an cothromas i gcomhpháirtíochtaí corpraithe arna shuibscríobh ag comhpháirtithe neamhtheoranta;
 - (2) an cothromas i gcuideachtaí faoi dliteanas teoranta ar comhpháirtithe seachas scairshealbhóirí a n-úinéirí;

- (3) an caipiteal a infheistítear i ngnáth-chomhpháirtíochtaí nó i gcomhpháirtíochtaí teoranta atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha;
- (4) an caipiteal a infheistítear i gcomharchumainn atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha;
- (b) infheistíocht ón rialtas ginearálta i gcaipiteal corparáidí poiblí, nach roinntear a gcaipiteal i scaireanna, agus atá aitheanta mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha de bhua reachtaíochta speisialta.
- (c) infheistíocht ón rialtas ginearálta i gcaipiteal an bhainc cheannais;
- (d) infheistíochtaí ón rialtas i gcaipiteal eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí fornáisiúnta, cé is moite den CAI, fiú má tá na heagraíochtaí bunaithe go dleathach mar chorparáidí le scairchaipiteal (e.g. an Banc Eorpach Infheistíochta);
- (e) acmhainní airgeadais an BCE arna gcur ar fáil ag bainc cheannais náisiúnta;
- (f) caipiteal atá infheistithe i samhailchorparáidí airgeadais agus neamhairgeadais. Freagraíonn suim na n-infheistíochtaí sin d'infheistíochtaí nua, in airgead nó i gcomhchineál, lúide aon aistarraingtí caipitil;
- (g) na héilimh airgeadais atá ag aonaid neamhchónaitheacha in aghaidh aonad cónaitheach barúlach agus a mhalairt.

Luacháil idirbheart i gcothromas

- 5.155 Taifeadtar scaireanna nua ag luach na heisiúna, a chomhfhreagraíonn don luach ainmniúil móide préimh na heisiúna.
- 5.156 Taifeadtar idirbhearta scaireanna atá i gcúrsaíocht ag luach a n-idirbhirt. Nuair nach bhfuil luach an idirbhirt ar eolas, déantar é a neasú trí bhíthin lua an stocmhalartáin nó phraghas an mhargaidh i gcás scaireanna liostaithe agus trí bhíthin margadhluacha choibhéisigh i gcás scaireanna neamhliostaithe.
- 5.157 Luacháiltear scaireanna scruidhthibhinní ag an bpraghas a thugtar le tuiscint i dtogra díbhinní an eistheora.
- 5.158 Ní thaifeadtar eisiúintí de scaireanna bónais. Mar sin féin, i gcásanna ina mbaineann eisiúint scaireanna bónais le hathruithe ar mhargadhluach iomlán scaireanna corparáide, ba cheart na hathruithe ar mhargadhluach a thaifeadadh sa chuntas athluachála.
- 5.159 Is éard is luach idirbhirt an chothromais (F.51) ann suim na gcistí a d'aistrigh na húinéirí chuig corparáidí nó samhailchorparáidí. I roinnt cásanna, is féidir cistí a aistriú trí dhliteanas na corparáide nó na samhailchorparáide a ghlacadh.

Scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta (F.52)

- 5.160 *Sainmhíniú:* is scaireanna de chiste infheistíochta iad scaireanna i gcistí infheistíochta má tá struchtúr corparáide ag an gciste. Tugtar aonaid orthu más iontaobhas atá sa chiste. Is gnóthais infheistíochta chomhchoiteanna iad cistí infheistíochta trína gcomhthiomsaíonn infheisteoirí cistí i gcomhair infheistíochta i sócmhainní airgeadais agus/nó neamhairgeadais.
- 5.161 Tugtar cistí frithpháirteacha, iontaobhais aonad, iontaobhais infheistíochta, agus gealltanais i gcomhair infheistíochtaí comhchoiteanna in urrúis inaistrithe (UCITS) ar chistí infheistíochta freisin; féadfaidh siad a bheith ina gcistí neamhiata, leathiata nó iata.
- 5.162 Féadfaidh scaireanna i gcistí infheistíochta a bheith liostaithe nó neamhliostaithe. Nuair is scaireanna neamhliostaithe atá i gceist, is iondúil go mbíonn siad inaistrithe ar éileamh, ar luach a chomhfhreagraíonn dá sciar i gcistí dílse na corparáide airgeadais. Déantar na cistí dílse sin a athluacháil go rialta ar bhonn phraghsanna margaidh na gcomhpháirteanna éagsúla atá iontu.
- 5.163 Tá scaireanna i gcistí infheistíochta foroinnte mar seo a leanas:
- Scaireanna nó aonaid i gcistí margaidh airgid (CMA) (F.521); agus
- Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta neamh-CMA (F.522).

Scaireanna nó aonaid CMA (F.521)

- 5.164 *Sainmhíniú:* is scaireanna iad scaireanna nó aonaid CMA arna n-eisiúint ag CMA. Is féidir le scaireanna nó aonaid CMA a bheith inaistrithe agus is minic a fhéachtar orthu mar dhlúthionadaithe ar thaisc.

Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta neamh-CMA (F.522)

- 5.165 *Sainmhíniú:* tá scaireanna nó aonaid eile i gcistí infheistíochta seachas scaireanna nó aonaid CMA in ionannas le héileamh ar chuid de luach ciste infheistíochta seachas CMA. Is cistí infheistíochta a eisíonn na cineálacha scaireanna agus aonad eile seo.
- 5.166 Is iondúil go mbíonn scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta neamhliostaithe eile seachas scaireanna nó aonaid CMA inaisíochta ar éileamh, ar luach a chomhfhreagraíonn dá sciar i gcistí dílse na corparáide airgeadais. Déantar cistí dílse den sórt sin a athluacháil go rialta ar bhonn phraghsanna margaidh na gcomhpháirteanna éagsúla atá iontu.

Luacháil idirbheart i gcothromas agus scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta

- 5.167 Áirítear luach na nglan-ranníocaíochtaí le ciste in idirbhearta scaireanna nó aonad i gcistí infheistíochta.

Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (F.6)

- 5.168 Tá scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe roinnte in sé fhochatagóir:
- (a) cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil (F.61);
 - (b) teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta (F.62);
 - (c) teidlíochtaí pinsean (F.63);
 - (d) éilimh chistí pinsin ar bhainisteoirí cistí pinsin (F.64);
 - (e) teidlíochtaí sochar neamhphinsean (F.65); agus
 - (f) soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe (F.66).

Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil (F.61)

- 5.169 *Sainmhíniú:* is éilimh airgeadais iad cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil atá ag sealbhóirí polasaithe árachais neamhshaoil ar chorparáidí árachais neamhshaoil i leith préimheanna neamhthuillte agus éileamh tabhaithe.
- 5.170 Baineann idirbhearta cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil i gcomhair préimheanna neamhthuillte agus éileamh tabhaithe le rioscaí amháil tionóiscí, breoiteacht nó dóiteán, agus le hathárachas freisin.
- 5.171 Is préimheanna atá íochta ach nach bhfuil tuillte fós iad préimheanna neamhthuillte. Is iondúil go n-íoctar préimheanna ag tús na tréimhse atá cuimsithe ag an bpolasaí. Ar bhonn fabhráithe, tuilltear na préimheanna i rith thréimhse an pholasaí, agus mar sin is réamhíocaíocht nó airleacan atá san íocaíocht tosaigh.
- 5.172 Is éilimh atá dlite ach nach bhfuil socraithe fós iad éilimh gan íoc, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil an tsuim faoi dhíospóid, nó ina bhfuil an teagmhas is cúis leis an éileamh tarlaithe ach nach bhfuil sé tuairiscithe fós. Comhfhreagraíonn éilimh atá dlite ach nach bhfuil socraithe fós do na cúlchistí atá ann in aghaidh éileamh árachais amuigh, ar suimeanna iad a aithníonn corparáidí árachais chun an tsuim is dóigh leo a bheidh le hóc amach acu, ag éirí as teagmhais atá tarlaithe ach nach bhfuil na héilimh ina leith socraithe, a chuimsiú.
- 5.173 D'fhéadfadh árachóirí cúlchistí teicniúla eile, amháil cúlchistí cothromaithe, a aithint. Ní aithnítear iad sin mar dhliteanas agus sócmhainní comhfhreagracha, áfach, ach amháin nuair a bhíonn teagmhas ann a mbíonn dliteanas mar thoradh air. I ngach cás eile, is iontrálacha cuntasaíochta inmheánacha de chuid an árachóra iad cúlchistí cothromaithe, a léiríonn coigiltis chun teagmhais a tharlaíonn go mírialta a chuimsiú, agus níl éilimh reatha na sealbhóirí polasaithe i gceist leo.

Teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta (F.62)

- 5.174 *Sainmhíniú:* is éard is teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta ann, éilimh airgeadais atá ag sealbhóirí polasaithe árachais saoil agus ag tairbhíthe blianachtaí ar chorparáidí a sholáthraíonn árachas saoil.
- 5.175 Úsáidtear teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta chun sochair a sholáthar do shealbhóirí polasaithe nuair a théann an polasaí in éag, nó chun cúiteamh a thabhairt do na tairbhíthe nuair a fhaigheann sealbhóirí polasaithe bás, agus ar an ábhar sin, coinnítear ar leithligh iad ó chistí na scairshealbhóirí. Bunaítear cúlchistí i bhfoirm blianachtaí ar an ríomh achtúireach a dhéantar ar luach láithreach na n-óibleagáidí maidir le hioncam a íoc sa todhchaí go dtí bás na dtairbhíthe.
- 5.176 Breiseanna lúide laghdaithe atá in idirbhearta maidir le teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta.

- 5.177 Is éard is breiseanna i dtéarmaí idirbheart airgeadais ann:
- (a) na préimheanna iarbhír arna dtuilleamh sa tréimhse chuntasaíochta reatha; agus
 - (b) forlontaí préimheanna a chomhfhreagraíonn don ioncam ó infheistíocht na dteidlíochtaí a chuirtear i leith na sealbhóirí polasaithe tar éis na muirear seirbhísí a asbhaint.
- 5.178 Is éard is laghduithe ann:
- (a) suimeanna dlite do shealbhóirí polasaithe dearlaice agus polasaithe árachais dá samhail; agus
 - (b) íocaíochtaí atá dlite ar pholasaithe a ghéilltear roimh thráth a n-aibíochta.
- 5.179 I gcás grúpárachais a bhaineann corparáid amach, mar shampla, thar ceann a fostaithe, is iad na fostaithe seachas an fostóir a mheastar a bheith ina dtairbhíthe ós rud é go meastar gurb iad sin sealbhóirí an pholasáí.

Teidlíochtaí pinsean (F.63)

- 5.180 *Sainmhíniú:* cuimsíonn teidlíochtaí pinsean éilimh airgeadais atá ag fostaithe reatha agus ag iarfhostaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:
- (a) a bhfostóirí;
 - (b) scéim atá ainmnithe ag fostóir chun pinsin a íoc mar chuid de chomhaontú cúitimh idir an fostóir agus an fostaí; nó
 - (c) árachóir.
- 5.181 Is éard atá in idirbhearta teidlíochtaí pinsean breiseanna lúide laghduithe. Ní hionann iad sin agus gnóthachain nó cailleanais ainmniúla sealúchais a bhíonn ar na cistí arna n-infheistiú ag cistí pinsin.
- 5.182 Is éard is breiseanna i dtéarmaí idirbheart airgeadais ann:
- (a) ranníocaíochtaí iarbhír i scéimeanna pinsin atá iníoctha ag fostaithe, ag fostóirí, ag daoine féinfhostaithe nó ag aonaid institiúideacha eile thar ceann daoine aonair nó teaghlach a bhfuil éilimh acu i leith na scéime agus arna dtuilleamh le linn na tréimhse cuntasaíochta reatha; agus
 - (b) forlontaí préimheanna a chomhfhreagraíonn don ioncam ó theidlíochtaí pinsin na scéime pinsin a chuirtear i leith na dteaghlach rannpháirteach a infheistiú, tar éis na muirir seirbhísí a asbhaint don tréimhse ina mbainistítear an scéim.
- 5.183 Is éard is laghduithe ann:
- (a) sochair shóisialta cothrom leis na suimeanna is iníoctha le daoine ar scor nó lena gcleithiúnaithe i bhfoirm íocaíochtaí rialta nó sochar eile; agus
 - (b) sochair shóisialta ina bhfuil aon chnapshuimeanna is iníoctha le daoine nuair a théann siad ar scor.

Teidlíochtaí teagmhasacha pinsin

- 5.184 Ní áirítear mar theidlíochtaí pinsin teidlíochtaí teagmhasacha pinsin arna mbunú ag aonaid institiúideacha agus atá aicmithe mar scéimeanna sochar sainithe pinsin fostóirí nach gcistíonn an rialtas nó scéimeanna slándála sóisialta pinsin. Ní dhéantar a n-idirbhearta a thairbhíthe ina n-íomláine agus ní thairbhíthe a sreafaí ná a stoic eile sna bunchuntais, ach thairbhíthe iad sa tábla forlíontach faoi theidlíochtaí pinsin fabhráithe chun dáta in árachas sóisialta. Maidir le teidlíochtaí teagmhasacha pinsin, ní dliteanais iad de chuid fho-earnálacha an rialtais láir, an rialtais stáit, an rialtais áitiúil, ná cistí slándála sóisialta, agus ní sócmhainní airgeadais de chuid na dtairbhíthe ionchasacha iad ach oiread.

Éilimh chistí pinsin ar bhainisteoirí cistí pinsin (F.64)

- 5.185 Féadfaidh fostóir conradh a dhéanamh le tríú páirtí chun aire a thabhairt do na cistí pinsin le haghaidh a chuid fostaithe. Má leanann an fostóir air ag socrú théarmaí na scéimeanna pinsin agus má bhíonn sé freagrach i gcónaí as aon easnamh maidir le cistiúchán agus má bhíonn sé de cheart aige aon bharrachas sa chistiúchán a choinneáil, tugtar bainisteoir cistí pinsin ar an bhfostóir agus tugtar riarthóir cistí pinsin ar an aonad a oibríonn faoi stiúir an bhainisteora cistí pinsin. Má dhéanann an fostóir comhaontú leis an tríú páirtí ina dtugann an fostóir na rioscaí agus na freagrachtaí maidir le haon chistiúchán easnamhach don tríú páirtí mar mhalairt ar cheart an tríú páirtí aon bharrachas a choinneáil, tagann an tríú páirtí sin chun bheith ina bhainisteoir cistí pinsin chomh maith le bheith ina riarthóir cistí pinsin.

- 5.186 Nuair is aonad eile seachas an riarthóir an bainisteoir cistí pinsin agus nuair is lú an tsuim a fhabhraíonn ar na cistí pinsin ná an méadú i dteidlíochtaí, déantar éileamh an chiste pinsin ar an mbainisteoir cistí pinsin a thairbhí. Sa chás is mó an tsuim a fhabhraíonn ar an gciste pinsin ná an méadú i dteidlíochtaí, bíonn suim iníochta ag an gciste pinsin leis an mbainisteoir cistí pinsin.

Teidlíochtaí sochar neamhphínsean (F.65)

- 5.187 Léiríonn barrachas glan-ranníocaíochtaí i gcomparáid le sochair, méadú i ndlíteanas na scéime árachais i leith na dtairbhíthe. Léirítear an ítim sin mar oiriúnú sa chuntas úsáide ioncaim. Léirítear é sa chuntas airgeadais freisin toisc gur dlíteanas é an méadú. Is annamh a bheidh an ítim sin ann agus, ar chúiseanna praiticiúla, féadfar athruithe i dteidlíochtaí neamhphínsean den sórt sin a áireamh le teidlíochtaí pínsean.

Soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe (F.66)

- 5.188 *Sainmhíniú:* is ionann soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe agus éilimh atá ag sealbhóirí ráthaíochtaí caighdeánaithe ar na haonaid institiúideacha a sholáthraíonn iad.
- 5.189 Réamhíocaíochtaí glantáillí agus soláthairtí chun glaonna gan íoc a chumhdach faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe iad na soláthairtí a bhaineann le glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe. Tá soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe cosúil le soláthairtí i gcomhair préimheanna agus cúlchistí árachais réamhíochta sa mhéid is go n-áirítear leo táillí neamhthuillte (préimheanna) agus glaonna (éilimh) nár socraíodh fós.
- 5.190 Ráthaíochtaí a eisítear a lán díobh i gcomhair suimeanna measartha beag de ghnáth agus atá comhchosúil le chéile iad ráthaíochtaí caighdeánaithe. Bíonn trí pháirtí i gceist i socruithe den sórt sin: an t-iasachtóir, an t-iasachtaí, agus an ráthóir. Féadfaidh an t-iasachtaí nó an t-iasachtóir conradh a dhéanamh leis an ráthóir chun an t-iasachtóir a aisíoc má mhainníonn an t-iasachtaí. Samplaí de ráthaíochtaí caighdeánaithe is ea ráthaíochtaí creidmheasa ar onnmhairí agus ráthaíochtaí ar iasachtaí do mhic léinn.
- 5.191 Bíodh is nach féidir a dheimhniú go cruinn an riosca go mainneoidh iasachtaí ar leithligh, is iondúil go ndéantar meastachán le féachaint cé mhéad iasachtaí as líon mór iasachtaíthe comhchosúla a mhainneoidh. Amhail árachóir neamhshaoil, má tá ráthóir ag obair de réir modhanna tráchtála beidh súil aige gur leor na táillí a íoctar, móide an t-ioncam ó mhaoin a thuilltear ar na táillí agus aon chúlchistí, chun aon mhainneachtain a bhfuiltear ag súil léi agus aon chostas gaolmhar a chuimsiú sa chaoi is go mbeidh brabús fágtha. Dá réir sin, láimhseáiltear ráthaíochtaí den sórt sin faoi mar a láimhseáiltear árachas neamhshaoil, agus tugtar ráthaíochtaí caighdeánaithe orthu.
- 5.192 Cumhdaíonn ráthaíochtaí caighdeánaithe ráthaíochtaí ar ionstraimí airgeadais éagsúla amhail taiscí, urrúis fiachais, iasachtaí agus creidmheas tráchtála. Soláthraíonn corparáid airgeadais, lena n-áirítear corparáidí árachais ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin, iad go hiondúil, agus féadfaidh an rialtas ginearálta iad a sholáthar freisin.
- 5.193 Nuair a thairgeann aonad institiúideach ráthaíochtaí caighdeánaithe, gearrann sé táillí agus tabhaíonn sé dlíteanas le freastal a dhéanamh ar an nglao i ndáil leis an ráthaíocht. Tá luach na ndlíteanas i gcuntais an ráthóra cothrom le luach láithreach na nglao a bhfuiltear ag súil leo faoi na ráthaíochtaí reatha, glan ó aon aighbhálacha a bhfuil an ráthóir ag súil a fháil ó na hiasachtaíthe a mhainníonn. Soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe a thugtar ar an dlíteanas sin.
- 5.194 Féadfaidh ráthaíocht tréimhse ilbhliantúil a chumhdach. Féadfar táille a íoc in aghaidh na bliana nó láithreach. Is ionann an táille i bprionsabal agus na muirir a thuilltear gach bliain a mhaireann an ráthaíocht, agus laghdaítear an dlíteanas de réir mar a éiríonn an tréimhse níos giorra (ag glacadh leis go n-aisíocann an t-iasachtaí i dtráthchodanna). Sa chaoi sin, déanfar an taifeadadh amhail taifeadadh blianachtaí ina n-íoctar an táille de réir mar a thagann laghdú ar an dlíteanas todhcháí.
- 5.195 Bíonn a lán ráthaíochtaí den chineál céanna i scéim ráthaíochta caighdeánaithe, bíodh is nach mbíonn siad ann i gcomhair na tréimhse céanna go díreach agus nach dtosaíonn siad go léir, ná ní chríochnaíonn siad go léir, ar na dátaí céanna.
- 5.196 Ríomhtar glantáillí mar tháillí infhála móide forlíontaí táillí (cothrom le hioncam ó mhaoin a chuirtear i leith an aonaid a íocann an táille i gcomhair na ráthaíochta) lúide costais riaracháin, etc. Féadfaidh aon earnáil sa gheilleagar glantáillí den sórt sin a íoc agus tá siad infhála ag an earnáil ina n-aicmítear an ráthóir. Is é an ráthóir a íocann as na glaonna faoi scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe agus tá siad infhála ag iasachtóir na hionstraime airgeadais faoi ráthaíocht, is cuma an é an t-iasachtóir nó an t-iasachtaí a d'íoc as an táille. Tagraíonn idirbhearta airgeadais don difríocht idir íocaíocht táillí i gcomhair ráthaíochtaí nua agus glaonna a dhéantar faoi ráthaíochtaí reatha.

Ráthaíochtaí caighdeánaithe agus ráthaíochtaí aonuaire

- 5.197 Tá dhá chritéar ann a chabhraíonn chun idirdhealú a dhéanamh idir ráthaíochtaí caighdeánaithe agus ráthaíochtaí aonuaire:
- (a) bíonn idirbhearta a dhéantar an athuair go minic agus a mbíonn na tréithe céanna ag baint leo i ráthaíochtaí caighdeánaithe agus bíonn comhthiomsú rioscaí i gceist leo freisin; agus
- (b) bíonn ráthóirí in ann staidreamh atá ar fáil a úsáid chun an meánchailteanas a mheas.

Ráthaíochtaí ar leithligh iad ráthaíochtaí aonuaire agus ní bhíonn ráthóirí in ann meastacháin iontaofa a dhéanamh faoin mbaol go ndéanfar glaonna. Teagmhas é ráthaíocht aonuaire a thabhairt agus ní thaifeadtar é. Eisceachtaí iad ráthaíochtaí arna soláthar ag an rialtas agus a bhfuil cur síos orthu i gCaibidil 20.

Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (F.7)

5.198 Déantar díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe a roinnt in dhá fhochatagóir:

(a) díorthaigh airgeadais (F.71); agus

(b) scair-roghanna fostaithe (F.72).

Díorthaigh airgeadais (F.71)

5.199 *Sainmhíniú:* is éard is díorthaigh airgeadais ann, ionstraimí airgeadais atá nasctha le hionstraim airgeadais shonraithe, le táscaire sonraithe, nó le tráchtarra sonraithe, trínar féidir rioscaí sonraithe airgeadais a mhargú ina gceart féin ar mhargaí airgeadais. Comhlíonann díorthaigh airgeadais na coinníollacha seo a leanas:

(a) bíonn siad nasctha le sócmhainn airgeadais nó neamhairgeadais, nó le grúpa sócmhainní, nó le hinnéacs;

(b) bíonn siad soshannta nó féadtar iad a fhritháireamh ar an margadh; agus

(c) ní réamhíoctar aon phríomhshuim a bhíonn le haisíoc.

5.200 Úsáidtear díorthaigh airgeadais chun roinnt cuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear bainistíocht riosca, fálú, arbatráiste idir mhargaí, amhantraíocht agus cúiteamh d'fhostaithe. Cuireann díorthaigh airgeadais ar chumas páirtithe trádáil a dhéanamh ar rioscaí sonracha airgeadais amhail riosca ráta úis, airgeadra, riosca i bpraghas cothromais agus tráchtarraí, agus riosca creidmheasa, le haonáin eile atá sásta glacadh leis na rioscaí sin, agus é sin a dhéanamh de ghnáth gan trádáil a dhéanamh ar shócmhainn phríomha. Dá réir sin, tugtar sócmhainní tánaisteacha ar dhíorthaigh airgeadais.

5.201 Is ó luach na bunsócmhainne, an praghas tagartha, a fhaigheann díorthach airgeadais a luach. D'fhéadfadh baint a bheith ag an bpraghas tagartha le sócmhainn airgeadais nó neamhairgeadais, le ráta úis, le ráta malairte, le díorthach eile nó le raon difríochta idir dhá phraghas. D'fhéadfadh conradh díorthaigh tagairt freisin d'innéacs, do bhascaed praghsanna nó d'ítimí eile amhail trádáil astuithe nó cúrsaí aimsire.

5.202 Is féidir díorthaigh airgeadais amhail roghanna, réamhchonarthaí agus díorthaigh chreidmheasa, nó de réir rioscaí margaidh mar bhabhtálacha airgeadraí, babhtálacha rátaí úis, etc.

Roghanna

5.203 *Sainmhíniú:* is éard is roghanna ann, conarthaí ina dtugtar an ceart do shealbhóir na rogha, ach nach gcuiretar d'oibleagáid air, sócmhainn a cheannach ó eisitheoir na rogha nó sócmhainn a dhíol leis ag praghas réamhchinnithe laistigh de thréimhse áirithe ama nó ar dháta áirithe.

Céadrogha ar cheannach a thugtar ar an gceart ceannaithe agus céadrogha ar dhíol a thugtar ar an gceart díola.

5.204 Íocann ceannaitheoir na rogha préimh (praghas na rogha) i gcomhair thiomantas an gheallaí rogha suim áirithe den bhunsócmhainn a dhíol nó a cheannach ar an bpraghas comhaontaithe. Tá an préimh ina sócmhainn airgeadais i leith shealbhóir na rogha agus ina dliteanas i leith an gheallaí rogha. Féadfar a mheas ar bhonn coincheapúil go bhfuil muirear seirbhíse a thaifeadtar ar leithligh ag baint leis an bpréimh. Mar sin féin, in éagmais sonraí mionsonraithe, ba cheart toimhdí a sheachaint a mhéid is féidir agus gné na seirbhíse á haithint.

5.205 Roghanna de chineál áirithe iad barántais. Tugann siad an ceart don sealbhóir, ach ní chuireann siad d'oibleagáid air, líon áirithe scaireanna nó bannaí a cheannach ó eisitheoir an bharántais faoi choinníollacha sonraithe ar feadh thréimhse sonraithe. Tá barántais airgeadra ann freisin atá bunaithe ar an tsuim d'airgeadra amháin atá riachtanach chun airgeadra eile a cheannach agus barántais trasaígeadra atá nasctha le tríú hairgeadraí agus tá barántais eile ann a bhaineann le hinnéacsanna, le bascaeid agus le tráchtarraí.

5.206 Féadfaidh an barántas a bheith inbhainte agus féadfar é a thrádáil ar leithligh ón urrús fiachais. Dá thoradh sin, déantar dhá ionstraim airgeadais ar leithligh a thaifeadadh i bprionsabal, an barántas mar dhíorthach airgeadais agus an banna mar urrús fiachais. Déantar barántais mar aon lena ndíorthaigh leabaithe a aicmiú de réir a bpríomh-shaintréithe.

Réamhchonarthaí

5.207 *Sainmhíniú:* conarthaí airgeadais iad réamhchonarthaí trína socraíonn an dá pháirtí méid sonraithe de bhunsócmhainn a mhalartú ar phraghas comhaontaithe (an praghas ceangail) ar dháta sonraithe.

- 5.208 Réamhchonarthaí iad todhcháiochtaí a thrádáiltear ar mhalartáin eagraithe. Socraítear todhcháiochtaí agus réamhchonarthaí eile de ghnáth trí airgead a íoc nó trí shócmhainn airgeadais eile a sholáthar seachas an bhunsócmhainn a sheachadadh, bíodh nach mar sin a shocraítear i gcónaí iad, agus dá bhrí sin déantar iad a luacháil agus a thrádáil ar leithligh ón ítim is bunús leo. Réamhchonarthaí coitianta iad babhtálacha agus comhaontuithe ar réamhráta (FRAanna).

Roghanna maidir le réamhchonarthaí

- 5.209 Is féidir roghanna a chur i gcodarsnacht le réamhchonarthaí ó thaobh na bpointí seo a leanas:
- (a) i gcás réamhchonartha, ní bhíonn aon íocaíocht láithreach le déanamh nuair a thionscnaítear é agus bíonn luach nialasach ag an gconradh díorthach ar dtús; i gcás rogha, íoctar préimh nuair a dhéantar an conradh, agus is ionann luach an chonartha nuair a thionscnaítear é agus suim na préimhe;
 - (b) de réir mar a athraíonn praghsanna an mhargaidh, rátaí úis nó rátaí malairte le linn saolré réamhchonartha, d'fhéadfadh luach deimhneach a bheith ag an réamhchonaradh (mar shócmhainn) ó thaobh páirtí amháin agus luach comhfhreagrach diúltach a bheith aige (mar dhliteanas) ó thaobh an pháirtí eile. D'fhéadfadh athrú teacht ar chás páirtithe den sórt sin ag brath ar fhorbairtí an mhargaidh maidir leis an mbunsócmhainn i ndáil leis an bpraghas ceangail sa chonradh. De bharr na sainréithe sin, níl sé praiticiúil idirbhearta sócmhainní a aithint ar leithligh ó idirbhearta dliteanas. Níl idirbhearta maidir le réamhchonarthaí cosúil le hionstraimí airgeadais eile sa mhéid is nach dtuairiscítear iad, de ghnáth, glan ó shócmhainní agus ó dlhiteanas. Is é an ceannaí an creidiúnaí agus is é an geallaí an féichiúnaí i gcónaí i gcás rogha;
 - (c) bíonn fuascailt gan choinníoll tráth na haibíochta i gcás réamhchonartha, ach de bhrí gurb é ceannaí na rogha a dhéanann an cinneadh. Déantar roinnt roghanna a fhuascailt sa ghnáthchúrsa má bhíonn siad deimhneach tráth na haibíochta.

Babhtálacha

- 5.210 *Sainmhíniú:* is éard is babhtálacha ann, socruithe conarthacha idir dhá pháirtí a chomhaontaíonn, le himeacht aimsire agus de réir rialacha réamhchinnithe, sruthanna íocaíochta de príomhshuim bharúlach a mhalartú. Is iad babhtálacha rátaí úis, babhtálacha airgeadraí eachtracha agus babhtálacha airgeadraí na babhtálacha is coitianta.
- 5.211 Is ionann babhtálacha rátaí úis agus malairt íocaíochtaí úis de chineál eile maidir le príomhshuim bharúlach, nach malartaítear choíche. Samplaí de na cineálacha rátaí úis a bhabhtáiltear is ea rátaí seasta, rátaí comhlúthacha agus rátaí ainmnithe in airgeadra faoi leith. Is minic a dhéantar socruithe le glaníocaíochtaí in airgead ar ionann iad agus an difríocht reatha idir an dá ráta úis atá leagtha síos sa chonradh arna chur i bhfeidhm ar an príomhshuim bharúlach chomhaontaithe.
- 5.212 Is éard is babhtálacha airgeadraí eachtracha ann, idirbhearta airgeadraí eachtracha ar ráta malairte atá leagtha síos sa chonradh.
- 5.213 Is éard atá i gceist le babhtálacha airgeadraí, malairt sreafaí airgid a bhaineann le híocaíochtaí úis agus malairt príomhshuimeanna ar ráta malairte comhaontaithe ag deireadh an chonartha.

Comhaontuithe ar réamhráta (FRAanna)

- 5.214 *Sainmhíniú:* is éard is FRAanna socruithe conarthacha ina gcomhaontaíonn dhá pháirtí, d'fhonn iad féin a chosaint ar athruithe sna rátaí úis, ar shuim an úis atá le híoc ar dháta socraithe sonrath, bunaithe ar príomhshuim bharúlach nach malartaítear choíche. Déantar FRAanna a shocrú le glaníocaíochtaí in airgead faoi mar a dhéantar i gcás babhtálacha rátaí úis. Baineann na híocaíochtaí leis an difríocht idir ráta an chomhaontaithe ar réamhráta agus an ráta margaidh atá i réim tráth an tsocraithe.

Díorthaigh chreidmheasa

- 5.215 *Sainmhíniú:* is díorthaigh airgeadais iad díorthaigh chreidmheasa arb é a bpríomhchuspóir trádáil a dhéanamh ar riosca creidmheasa.
- Cruthaítear díorthaigh chreidmheasa chun trádáil a dhéanamh ar riosca mainneachtana iasachtaí agus urrús. Féadfaidh díorthaigh chreidmheasa a bheith i bhfoirm réamhchonarthaí nó conarthaí de chineál céadrogha agus, ar nós díorthach airgeadais eile, tarraingítear suas iad go minic faoi chomhaontuithe caighdeánacha dlíthiúla a éascaíonn luacháil margaidh. Aistrítear riosca creidmheasa ó dhíoltóir an riosca, atá ag ceannach cosanta, chuig ceannaitheoir an riosca, atá ag díol cosanta, agus íoctar préimh chuige sin.
- 5.216 Íocann ceannaitheoir an riosca airgead le díoltóir an riosca i gcás mainneachtana. Féadfar díorthach creidmheasa a shocrú freisin trí urrúis fiachais a sheachadadh tríd an aonad sin a rinne an mhainneachtana.
- 5.217 Cineálacha díorthach creidmheasa iad roghanna mainneachtana creidmheasa, babhtálacha mainneachtana creidmheasa (CDS) agus babhtálacha an toraidh iomláin. Ós rud é gur díorthach creidmheasa arna thrádáil é innéacs CDS léiríonn sé forbairt na bpréimheanna CDS.

Babhtálacha mainneachtana creidmheasa

5.218 *Sainmhíniú:* conarthaí árachais chreidmheasa iad babhtálacha mainneachtana creidmheasa (CDS). Tá sé d'aidhm acu cailleanais chreidiúnaí (ceannaitheoir CDS) a chumhdach sna cásanna seo a leanas:

- (a) nuair a tharlaíonn teagmhas creidmheasa i ndáil le haonad tagartha, seachas baint a bheith aige le hurrús fiachais ar leithligh nó le hiasacht ar leithligh. Féadfaidh teagmhas creidmheasa a dhéanfaidh difear don aonad tagartha lena mbaineann a bheith ina mhainneachtain, ach féadfaidh sé freisin a bheith ina mhainneachtain maidir le híocaíocht a dhéanamh ar aon dliteanas (cáilitheach) atá dlite i gcásanna amhail athstruchtúrú fiachais, sárú cúnant, agus eile;
- (b) nuair a tharlaíonn mainneachtain maidir le hionstraim áirithe fiachais, ar urrús fiachais nó iasacht í de ghnáth. Faoi mar a tharlaíonn i gconarthaí babhtála, déanann ceannaitheoir an CDS, (a mheastar mar dhíoltóir an riosca), sraith préimheanna a íoc le díoltóir an CDS, (a mheastar mar cheannaitheoir an riosca).

5.219 Mura ndéantar aon mhainneachtain maidir leis an aonad gaolmhar nó maidir leis an ionstraim fiachais, leanann an díoltóir ar aghaidh ag íoc préimheanna go deireadh an chonartha. I gcás mainneachtana, cúitíonn ceannaitheoir an riosca an díoltóir as an gcaillteanas, agus stopann an díoltóir de bheith ag íoc préimheanna.

Ionstraimí airgeadais nach n-áirítear le díorthaigh airgeadais

5.220 Ní áirítear le díorthaigh airgeadais:

- (a) an bhunionstraim ar a bhfuil an díorthach airgeadais bunaithe;
- (b) urrúis struchtúrtha fiachais a chuimsíonn urrús fiachais, nó bascaed urrús fiachais, mar aon le díorthaigh airgeadais nó bascaed de dhíorthaigh airgeadais, i gcás nach féidir na díorthaigh a scaradh ón urrús fiachais agus i gcás ina bhfuil an príomhshuim a infheistíodh ar dtús mór i gcomparáid leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó na díorthaigh airgeadais leabaithe. Is mar dhíorthaigh airgeadais a aicmítear ionstraimí airgeadais ina n-infheistítear príomhshuimeanna beaga i gcomparáid leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, agus ar ionann iad agus glacadh riosca iomláin. Déantar ionstraimí airgeadais inar féidir an chomhpháirt a bhaineann le slándáil fiachais agus an chomhpháirt a bhaineann le díorthach airgeadais atá indeighilte ó chéile a aicmiú dá réir sin;
- (c) déantar íocaíochtaí éarlaise iníoctha a bhaineann le díorthaigh airgeadais a aicmiú i dtaiscí nó in iasachtaí eile ag brath ar na haonaid institiúideacha atá i gceist. Mar sin féin, déantar íocaíochtaí éarlaise neamh-inaisíoctha, a laghdaíonn nó a chuireann ar ceal na suíomhanna sócmhainní/dlíteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn shaolré an chonartha, a aicmiú mar idirbhearta díorthach airgeadais;
- (d) ionstraimí tánaisteacha, nach bhfuil soshannta agus nach féidir a fhritháireamh ar an margadh; agus
- (e) babhtálacha óir atá cosúil le comhaontuithe athcheannaigh urrús.

Scair-roghanna fostaithe (F.72)

5.221 *Sainmhíniú:* comhaontuithe iad scair-roghanna fostaithe a dhéantar ar dháta áirithe faoina bhfuil sé de cheart ag fostaí líon áirithe scaireanna de stoc an fhostóra a cheannach ag praghas luaite, agus é sin a dhéanamh ag am áirithe a luaitear nó laistigh de thréimhse ama díreach i ndiaidh an dáta dílsithe.

Úsáidtear an téarmaíocht seo a leanas:

“Dáta an deonaithe” a thugtar ar dháta an chomhaontaithe.

An “praghas ceangail” a thugtar ar an bpraghas ceannaithe a chomhaontaítear.

“Dáta an dílsithe” a thugtar ar an gcéad lá atá socraithe chun iad a cheannach.

“Tréimhse an fheidhmithe” a thugtar ar an tréimhse i ndiaidh dháta an dílsithe inar féidir iad a cheannach.

5.222 Déantar idirbhearta maidir le scair-roghanna fostaithe a thairfeadh sa chuntas airgeadais mar chontrapháirt ghné an chúitimh d'fhostaithe atá in ionannas le luach na scair-rogha. Déantar luach na rogha a scaipeadh thar an tréimhse idir dháta an deonaithe agus dháta an dílsithe; más rud é nach bhfuil sonraí mionsonraithe ar fáil, déantar iad a thairfeadh ar dháta an dílsithe. Tairfeadtar idirbhearta ina dhiaidh sin ar dháta an fheidhmithe, nó má tá siad intrádála agus má thrádáiltear iad, tairfeadtar iad idir dháta an dílsithe agus dheireadh thréimhse an fheidhmithe.

Idirbhearta díorthach airgeadais agus scair-roghanna fostaithe a luacháil

- 5.223 Tá idirbhearta airgeadais i gceist le trádáil thánaisteach roghanna agus le leachtú roghanna roimh sheachadadh. Má shroicheann rogha dáta an tseachadta, féadfar í a fheidhmiú nó gan í a fheidhmiú. I gcásanna ina bhfeidhmítear an rogha, d'fhéadfadh íocaíocht a bheith i gceist ón ngealláí rogha leis an sealbhóir atá cothrom leis an difríocht idir praghas na bunsócmhainne atá i réim ar an margadh agus an praghas ceangail, nó, de rogha air sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí fáil nó díol na bunsócmhainne airgeadais nó neamhairgeadais a thaifeadadh ag an bpraghas atá i réim ar an margadh agus íocaíocht chontrapháirte idir sealbhóir na rogha agus an gealláí rogha atá cothrom leis an bpraghas ceangail. Tá an difríocht idir praghas na bunsócmhainne atá i réim ar an margadh agus an praghas ceangail cothrom le luach leachtaithe na rogha sa dá chás, eadhon praghas na rogha tráth an tseachadta. I gcásanna nach bhfeidhmítear an rogha, ní tharlaíonn aon idirbheart. Mar sin féin, bíonn gnóthachan sealúchais ag an ngealláí rogha agus cailteanas sealúchais ag sealbhóir na rogha (atá cothrom sa dá chás leis an bpréimh a íocadh nuair a rinneadh an conradh) agus atá le taifeadadh sa chuntas athluachála.
- 5.224 Áirítear mar idirbhearta a thaifeadtar i gcomhair díorthach airgeadais aon trádáil a dhéantar sna conarthaí mar aon le glanluach na socruithe a dhéantar. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le hidirbhearta a bhaineann le bunú conarthaí díorthach a thaifeadadh. Mar sin féin, in a lán cásanna, déanfaidh an dá pháirtí conradh le díorthach gan íocaíocht ar bith ó cheachtar den dá pháirtí leis an bpáirtí eile; i gcásanna den sórt sin tá luach an idirbheart lena mbunaítear an conradh cothrom le neamhní agus ní thaifeadtar aon iontráil sa chuntas airgeadais.
- 5.225 Déantar aon choimisiúin shainráite arna n-íoc le bróicéirí nó le hidirghabhálaithe nó arna bhfáil ó bhróicéirí nó ó idirghabhálaithe as roghanna, todhchaíochtaí, babhtálacha, agus conarthaí eile díorthach a eagrú a láimhseáil mar íocaíochtaí i leith seirbhísí sna cuntais iomchuí. Ní mheastar go bhfuil na príomhpháirtithe i mbabhtáil ag soláthar seirbhíse dá chéile, ach láimhseáiltear aon íocaíocht le tríú páirtí as an mbabhtáil a eagrú mar íocaíocht i leith seirbhíse. Faoi shocrú babhtála ina malartaítear príomhshuimeanna, ba cheart na sreafaí comhfhreagracha a thaifeadadh mar idirbhearta bunionsraime; ba cheart sreafaí íocaíochtaí eile a thaifeadadh faoi "díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe" (F.7). Cé gur féidir a mheas ó thaobh coincheap de go n-áirítear muirear seirbhíse sa phréimh a íoctar le díoltóir na rogha, ní féidir eilimint na seirbhíse a aithint sa chleachtas de ghnáth. Dá bhrí sin, ba cheart an praghas iomlán a thaifeadadh mar éadálacha sócmhainní airgeadais i gcás an cheannaitheora agus mar dhliteanas i gcás an díoltóra.
- 5.226 I gcás nach mbaineann conarthaí le malairt na príomhshuime, ní thaifeadtar aon idirbheart tráth a thionscanta. Sa dá chás, tá sé intuigthe go gcruthaítear díorthach airgeadais ag a bhfuil náid mar luach tosaigh ag an bpointe sin. Ina dhiaidh sin, beidh luach na babhtála cothrom le ceann amháin díobh seo a leanas:
- (a) i gcás príomhshuimeanna, margadhluach reatha na difríochta idir margadhluachanna ionchais na todhchaí ar na suimeanna atá le hathmhalartú agus na suimeanna a shonraítear sa chonradh; agus
- (b) i gcás íocaíochtaí eile, margadhluach reatha na sreafaí todhchaí a shonraítear sa chonradh.
- 5.227 Déantar athruithe ar luach an díorthaigh airgeadais le himeacht aimsire a thaifeadadh sa chuntas athluachála.
- 5.228 Rialófar athmhalartuithe príomhshuime ina dhiaidh sin le téarmaí agus le coinníollacha an chonartha babhtála agus d'fhéadfadh go gciallódh sé sin go malartófaí sócmhainní airgeadais ag praghas eile seachas ag praghas na sócmhainní sin atá i réim ar an margadh. Is éard a bheidh san íocaíocht chontrapháirte idir na páirtithe sa chonradh babhtála an íocaíocht chontrapháirte atá sonraithe sa chonradh. Tá an difríocht idir praghas an mhargaidh agus praghas an chonartha cothrom le luach leachtaithe na sócmhainne/an dliteanas mar a chuirtear i bhfeidhm é ar an dáta dlite agus taifeadtar é mar idirbheart díorthach airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (F.7). Ní foláir go gcomhfhreagraíonn na hidirbhearta díorthach airgeadais go léir don gnóthachan athluachála iomlán nó don chailteanas athluachála iomlán le linn shaolré an chonartha babhtála. Tá an láimhseáil sin ar aon dul lena bhfuil leagtha amach maidir le roghanna a shroicheann dáta an tseachadta.
- 5.229 I gcás aonaid institiúidigh, déantar babhtáil nó comhaontú ar réamhráta a thaifeadadh faoi "díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe" ar thaobh na sócmhainne áit a mbíonn glanluach sócmhainne aige. I gcás ina mbíonn glanluach dliteanas ag babhtáil, déantar é a thaifeadadh de réir an ghnáis ar thaobh na sócmhainní ionas nach mbeifí ag aistriú siar is aniar idir taobh na sócmhainne agus taobh na ndlíteanas. Dá réir sin, méadaíonn glan-íocaíochtaí diúltacha an glanluach.

Cuntais eile infhála/iníoctha (F.8)

- 5.230 *Sainmhíniú:* cuntais eile infhála/iníoctha iad na sócmhainní airgeadais agus na dliteanas airgeadais a chruthaítear mar chontrapháirteanna na n-idirbheart áit a bhfuil difríocht uainiúcháin idir na hidirbhearta sin agus na híocaíochtaí comhfhreagracha.
- 5.231 Áirítear sna cuntais eile infhála/iníoctha idirbhearta éileamh airgeadais a thig as íocaíocht luath nó íocaíocht dhéanach ar idirbhearta earraí nó seirbhísí, ar idirbhearta dáileacháin nó ar idirbhearta airgeadais ar an margadh tánaisteach.

5.232 Cuimsíonn idirbhearta airgeadais i gcuntais eile infhála/iníoctha na nithe seo a leanas:

(a) creidmheasanna trádála agus airleacain (F.81); agus

(b) cuntais eile infhála/iníoctha, gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh (F.89).

Creidmheasanna trádála agus airleacain (F.81)

5.233 *Sainmhíniú:* is éard is creidmheasanna trádála agus airleacain ann, éilimh airgeadais a eascraíonn as síneadh díreach creidmheasa a thugann soláthraithe earraí agus seirbhísí dá gcustaiméirí, agus airleacain maidir le hobair idir lámha nó atá fós le déanamh, i bhfoirm réamhíocaíochta a dhéanann custaiméirí i leith earraí agus seirbhísí nár soláthraíodh fós.

5.234 Tarlaíonn creidmheasanna trádála agus airleacain nuair nach n-íoctar as earraí nó as seirbhísí ag an am céanna a athraítear úinéireacht an earra nó a sholáthraítear seirbhís. Bíonn airleacain ann má dhéantar íocaíocht sula n-athraítear an úinéireacht.

5.235 Áirítear FISIM atá fabhraithe ach nach bhfuil íoctha fós leis an ionstraim airgeadais chomhfhreagrach, arb ús é de ghnáth, agus áirítear réamhíocaíocht préimheanna árachais sna cúlchistí teicniúla árachais (F.61); ní dhéantar iontráil i gcreidmheasanna trádála agus airleacain i gceachtar den dá chás sin.

5.236 Áirítear na nithe seo a leanas i bhfochatagóir na gcreidmheasanna trádála agus airleacain:

(a) éilimh airgeadais a bhaineann le seachadadh earraí nó seirbhísí i gcás nach ndearnadh íocaíocht fós;

(b) creidmheasanna trádála a nglacann corparáidí fachtóireachta leis ach amháin nuair a mheastar gur iasacht é;

(c) cíos ar fhoirgnimh a fhabhraíonn le himeacht ama; agus

(d) riaráistí maidir le híocaíochtaí i leith earraí agus seirbhísí, nuair nach bhfianaítear iad le hiasacht.

5.237 Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir creidmheasanna trádála agus maoiniú trádála i bhfoirm billí trádála, agus creidmheas a sholáthraíonn tríú páirtithe chun trádáil a mhaoiniú.

5.238 Ní áirítear iasachtaí chun creidmheasanna trádála a mhaoiniú mar chreidmheasanna trádála agus airleacain. Aicmítear iad mar iasachtaí.

5.239 Féadfar creidmheasanna trádála agus airleacain a roinnt de réir a n-aibíochta bunaidh ina gcreidmheasanna trádála agus airleacain atá gearrthéarmach agus ina gcreidmheasanna trádála agus airleacain atá fadtéarmach.

Cuntais eile infhála/iníoctha, gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh (F.89)

5.240 *Sainmhíniú:* is éard is cuntais eile infhála/iníoctha ann éilimh airgeadais a eascraíonn as difríochtaí uainiúcháin idir idirbhearta dáileacháin nó idirbhearta airgeadais ar an margadh tánaisteach agus na híocaíochtaí comhfhreagracha.

5.241 Áirítear mar chuntais eile infhála/iníoctha éilimh airgeadais a cruthaíodh de thoradh difríochta uainiúcháin idir idirbhearta fabhraithe agus íocaíochtaí a rinneadh i leith na nithe seo a leanas, mar shampla:

(a) pá agus tuarastail;

(b) cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta;

(c) díbhinní;

(d) cíos; agus

(e) ceannach agus díol urrús.

5.242 Taifeadtar ús fabhraithe agus riaráistí leis an tsócmhainn airgeadais nó leis an dliteanas airgeadais lena bhfabhraítear é, agus ní mar chuntais eile infhála/iníoctha. Mura dtaifeadtar gur athinfheistíodh an t-ús fabhraithe sa tsócmhainn airgeadais, aicmítear é sna cuntais eile infhála/iníoctha.

5.243 Maidir le hiasachtú urrús agus táillí ar iasachtaí óir, a láimhseáiltear mar ús, cuimsítear na hiontrálacha comhfhreagracha sna cuntais eile infhála/iníoctha, seachas leis an ionstraim lena mbaineann siad.

5.244 Ní chuimsíonn cuntais eile infhála/iníoctha:

- (a) neamhréireachtaí staidrimh seachas difríochtaí uainiúcháin idir idirbhearta earraí agus seirbhísí, idirbhearta dáileacháin nó idirbhearta airgeadais agus na híocaíochtaí comhfhreagracha;
- (b) íocaíochtaí luatha agus íocaíochtaí déanacha maidir le cruthú sócmhainní airgeadais nó fuascailt dliteanas seachas iad sin a aicmítear i gcuntais eile infhála/iníoctha. Déantar na híocaíochtaí luatha agus na híocaíochtaí déanacha sin a aicmiú i gcatagóir na hionstraime iomchuí;
- (c) maidir le suimeanna na gcánacha agus na ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha leis an rialtas ginearálta, agus atá le cuimsiú faoi chuntais eile infhála/iníoctha, ní áirítear leo siúd an chuid sin de na cánacha sin agus na ranníocaíochtaí sóisialta sin nach dóchúil go mbaileofar í, agus a léiríonn, dá bhrí sin, éileamh an rialtais ghinearálta nach bhfuil aon luach iarbhrí air.

IARSCRÍBHINN 5.1

AICMIÚ IDIRBHEART AIRGEADAIS

5.A1.01 Féadfár idirbhearta airgeadais a aicmiú de réir critéar éagsúil: amhail an cineál ionstraime airgeadais, soshannacht, an cineál ioncaim, aibíocht, cineál airgeadra agus cineál úis.

Aicmiú idirbheart airgeadais de réir catagóire

5.A1.02 Déantar idirbhearta airgeadais a aicmiú de réir catagóire agus de réir fochatagóire faoi mar a léirítear i dTábla 5.3. Freagraíonn an t-aicmiú seo ar idirbheart na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais d'aicmiú sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais.

Tábla 5.3 — Aicmiú idirbheart airgeadais

Catagóir	Cód		
Ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta (CTSanna)	F.1		
Ór airgeadaíochta		F.11	
Cearta tarraingthe speisialta (CTS)		F.12	
Airgeadra agus taiscí	F.2		
Airgeadra		F.21	
Taiscí inaistrithe		F.22	
Taiscí eile		F.29	
Urrúis fiachais	F.3		
Gearrthéarmach		F.31	
Fadtéarmach		F.32	
Iasachtaí	F.4		
Gearrthéarmach		F.41	
Fadtéarmach		F.42	
Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta	F.5		
Cothromas		F.51	
Scaireanna liostaithe			F.511
Scaireanna neamhliostaithe			F.512
Cothromas eile			F.519
Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta		F.52	

Catagóir	Cód		
Scaireanna nó aonaid i gcistí margaidh airgid (CMA)			F.521
Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta neamh-CMA			F.522
Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe	F.6		
Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil		F.61	
Teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta		F.62	
Teidlíochtaí pinsean		F.63	
Éilimh chistí pinsin ar bhainisteoirí cistí pinsin		F.64	
Teidlíochtaí sochar neamhphinsean		F.65	
Soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe		F.66	
Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe	F.7		
Díorthaigh airgeadais seachas scair-roghanna fostaithe		F.71	
Scair-roghanna fostaithe		F.72	
Cuntais eile infhála/iníochta	F.8		
Creidmheasanna trádála agus airleacain		F.81	
Cuntais eile infhála/iníochta, gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh		F.89	

5.A1.03 Tá aicmiú idirbheart airgeadais agus sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais bunaithe go príomha ar leachtacht, ar shoshanntacht agus ar shaintréithe dlíthiúla na n-ionstraimí airgeadais. Tríd is tríd, tá sainmhínte na gcatagóirí neamhspleách ar aicmiú na n-aonad institiúideach. Is féidir tuilleadh miondealaithe a dhéanamh ar aicmiú sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais trí thrasaicmiú a dhéanamh orthu de réir aonaid institiúidigh. Sampla de sin is ea an trasaicmiú a dhéantar ar thaiscí inaistrithe idir corparáidí glactha taiscí, seachas an banc ceannais mar shuíomhanna idirbhaine.

Aicmiú idirbheart airgeadais de réir soshanntachta

5.A1.04 Féadtar idirdhealú a dhéanamh idir éilimh airgeadais atá soshannta agus éilimh airgeadais nach bhfuil. Bíonn éileamh soshannta más féidir a úinéireacht a aistriú ó aonad amháin go haonad eile trína sheachadadh nó trína fhormhuiniú nó trína fhritháireamh i gcás díorthach airgeadais. Bíodh is go bhféadfar aon ionstraim airgeadais a thrádáil, leagtar amach ionstraimí soshannta lena dtrádáil ar mhalartán eagraithe nó "thar an gcontar", bíodh is nach gá iad a thrádáil iarbhr chun go mbeidís soshannta. Is iad seo na coinníollacha atá riachtanach chun go mbeadh rud soshannta:

(a) maidir le díorthaigh airgeadais, inaistritheacht nó an fhéidearthacht iad a fritháireamh;

(b) caighdeánú, rud a léirítear go minic le hinmhalartaitheacht agus incháilitheacht chód ISIN; agus

(c) maidir le sealbhóir sócmhainne, nach gcoinníonn sé ceart iontaibh i gcoinne na sealbhóirí roimhe.

5.A1.05 Éilimh shoshannta airgeadais is ea urrúis, díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (AF.7). I measc na n-urrúis, áirítear urrúis fiachais (AF.3), scaireanna liostaithe (AF.511), scaireanna neamhliostaithe (AF.512), agus scaireanna i gcistí infheistíochta (AF.52). Ní aicmítear díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe mar urrúis fiú más ionstraimí soshannta airgeadais iad. Bíonn siad nasctha le sócmhainní airgeadais ar leithligh, nó le sócmhainní neamhairgeadais ar leithligh, nó le hinnéacsanna ar leithligh trínar féidir rioscaí airgeadais a thrádáil ina gceart féin ar mhargaí airgeadais.

5.A1.06 Ór airgeadaíochta agus CTSanna (AF.1), airgedra agus taiscí (AF.2), iasachtaí (AF.4), cothromas eile (AF.519), scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (AF.6) agus cuntais eile infhála/iníochta (AF.8).

Urrúis struchtúrtha

5.A1.07 Is iondúil go mbíonn urrúis, nó bascaed urrúis, agus díorthaigh airgeadais, nó bascaed de dhíorthaigh airgeadais, nasctha in urrúis struchtúrtha. Samplaí d'ionstraimí airgeadais nach urrúis struchtúrtha iad is ea, mar shampla, taiscí struchtúrtha ina nasctar saintréithe taiscí agus díorthach airgeadais le chéile. Bíodh is gurb iondúil i gcás urrúis fiachais go ndéantar íocaíocht tráth tionscanta na príomhshuime atá le haisíoc, ní tharlaíonn sé sin i gcás díorthach airgeadais.

Aicmiú idirbheart airgeadais de réir an chineáil ioncain

5.A1.08 Déantar idirbhearta airgeadais a aicmiú de réir an chineáil ioncain a ghineann siad. Is cabhair é chun rátaí toraidh a ríomh ioncam a nascadh leis na sócmhainní airgeadais comhfhreagracha agus leis na dliteanais airgeadais chomhfhreagracha. I dTábla 5.4, léirítear an t-aicmiú mionsonraithe de réir idirbhirt agus de réir cineáil ioncain. Bíodh is go ndéanann ór airgeadaíochta agus CTSanna, taiscí, urrúis fiachais, iasachtaí agus cuntais eile infhála/iníoctha ús a fhabhrú, íoctar le cothromas den chuid is mó díbhinní, tuilleamh athinfheistithe nó aistarraingtí ó ioncam samhailchorparáidí. Bíonn ioncam ó infheistíocht inchurtha i leith sealbhóirí scaireanna i gcistí infheistíochta agus i gcúlchistí teicniúla árachais. Ní thairfeadtar mar ioncam an luach saothair a bhaineann le rannpháirtíocht i ndíorthach airgeadais, toisc nach soláthraítear aon phríomhshuim.

Tábla 5.4 — Aicmiú idirbheart airgeadais de réir an chineáil ioncain

Idirbhearta airgeadais	Cód	Cineál ioncain	Cód
Ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta (CTSanna)	F.1	Ús	D.41
Airgeadra	F.21	Dada	
Taiscí inaistrithe	F.22	Ús	D.41
Taiscí eile	F.29	Ús	D.41
Urrúis fiachais	F.3	Ús	D.41
Iasachtaí	F.4	Ús	D.41
Cothromas	F.51	Ioncam dáilte corparáidí	D.42
		Tuilleamh athinfheistithe	D.43
Scaireanna liostaithe agus neamhliostaithe	F.511	Díbhinní	D.421
	F.512	Tuilleamh athinfheistithe	D.43
Cothromas eile	F.519	Aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí	D.422
		Tuilleamh athinfheistithe	D.43
		Díbhinní	D.421
Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta	F.52	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí infheistíochta	D.443
Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe	F.6	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais	D.441
		Ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean	D.442
Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaith	F.7	Dada	
Cuntais eile infhála/iníoctha	F.8	Ús	D.41

Aicmiú idirbheart airgeadais de réir an chineáil ráta úis

5.A1.09 Is féidir sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar a bhfabhraíonn ús a roinnt de réir an chineáil úis a fhabhraítear eadhon rátaí seasta, rátaí athraitheacha nó rátaí measctha úis.

- 5.A1.10 I gcás ionstraimí airgeadais a bhfuil ráta seasta úis acu, bíonn íocaíochtaí ainmniúla úis an chonartha seasta i dtéarmaí an airgeadra ainmnithe ar feadh shaolré na hionstraime airgeadais nó ar feadh tréimhse áirithe blianta. Bíonn uainiúchán agus luach na n-íocaíochtaí úis agus íocaíochtaí na príomhshuime ar eolas ag an bhféichiúnaí tráth an tionscanta.
- 5.A1.11 Maidir le hionstraimí airgeadais a bhfuil ráta athraitheach úis acu, nasctar ús agus íocaíochtaí príomhshuime le ráta úis, le hinnéacs ginearálta praghsanna i gcomhair earraí agus seirbhísí nó le praghas na sócmhainne. Bíonn an luach tagartha ag luainiú de thoradh choinníollacha an mhargaidh.
- 5.A1.12 I gcás ionstraimí airgeadais a bhfuil ráta úis measctha acu, bíonn ráta seasta agus ráta athraitheach úis acu i gcaitheamh a saolré agus aicmítear iad mar ionstraimí airgeadais a bhfuil rátaí úis athraitheacha acu.

Aicmiú idirbheart airgeadais de réir aibíochta

- 5.A1.13 D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach miondealú a dhéanamh ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais de réir raon aibíochtaí d'fhonn anailís a dhéanamh ar rátaí úis, ar thorthaí sócmhainní, ar leachtacht nó ar chumas fiachas a sheirbhísí.

Aibíocht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach

- 5.A1.14 *Sainmhíniú:* féadfar sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a bhfuil aibíocht ghearrthéarmach ag baint léi nó leis a aisíoc ar éileamh ar iarratas an chreidiúnaí, nó laistigh de bhliain nó níos lú. Féadfar sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a bhfuil aibíocht fhadtéarmach ag baint léi nó leis a aisíoc tráth éigin tar éis bliana nó níos mó, nó ní luaitear tráth a (h)aibíochta.

Aibíocht bhunaidh agus aibíocht iarmharach

- 5.A1.15 *Sainmhíniú:* is í an tréimhse ón dáta eisithe go dtí dáta na híocaíochta deiridh atá sceidealta an sainmhíniú a thugtar ar aibíocht bhunaidh sócmhainní airgeadais nó dliteanas airgeadais. Is é an sainmhíniú a thugtar ar aibíocht iarmharach sócmhainní airgeadais nó dliteanas airgeadais an tréimhse ón dáta tagartha go dtí dáta na híocaíochta deiridh atá sceidealta.
- 5.A1.16 Cabhraíonn coincheap na haibíochta bunaidh an ghníomhaíocht a bhaineann le heisiúint fiachais a thuiscint. Dá bhrí sin, roinntear urrúis fiachais agus iasachtaí de réir a n-aibíochta bunaidh ina n-urrúis fiachais agus iasachtaí atá fadtéarmach agus ina n-urrúis fiachais agus iasachtaí atá gearrthéarmach.
- 5.A1.17 Bíonn aibíocht iarmharach níos ábhartha chun anailís a dhéanamh ar shuíomhanna fiachais agus ar chumas fiachas a sheirbhísí.

Aicmiú idirbheart airgeadais de réir airgeadra

- 5.A1.18 Is féidir roinnt mhaith catagóirí, fochatagóirí agus foshuíomhanna sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a mhiondealú de réir na n-airgeadraí ina bhfuil siad ainmnithe.
- 5.A1.19 Áirítear mar shócmhainní airgeadais nó mar dhliteanais airgeadais in airgeadraí eachtracha sócmhainní airgeadais atá ainmnithe i mباسcaed airgeadraí, mar shampla CTSanna, agus sócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais atá ainmnithe in ór. Bíonn an t-idirdhealú idir airgeadra náisiúnta agus airgeadraí eachtracha an-úsáideach nuair a bhítear ag plé le hairgeadra agus taiscí (AF.2), le hurrúis fiachais (AF.3) agus le hiasachtaí (AF.4).
- 5.A1.20 Ní gá gurb ionann airgeadra na socraíochta agus airgeadra na hainmníochta. Tagraíonn airgeadra na socraíochta don airgeadra sin ina gcomhshóitear luach na suíomhanna agus sreafaí na n-ionstraimí airgeadais amhail urrúis gach uair a tharlaíonn socraíocht.

Aonaid tomhais airgid

- 5.A1.21 D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach ó thaobh anailise ar bheartais airgeadaíochta, aonaid tomhais airgid mar M1, M2 agus M3 a aithint sa chuntas airgeadais. Ní thugtar sainmhínte ar aonaid tomhais airgid i CCE 2010.

CAIBIDIL 6

SREAFÁÍ EILE

RÉAMHRÁ

- 6.01 Is éard atá i sreafaí eile athruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas nach dtagann as idirbhearta. Ní idirbhearta iad na sreafaí sin toisc nach gcomhlíonann siad ceann amháin nó níos mó de na saintréithe a bhaineann le hidirbhearta, is féidir, mar shampla, nach bhfuil na haonaid institiúideacha lena mbaineann ag gníomhú trí chomhaontú frithpháirteach, faoi mar a bheadh i gceist i gcás urghabhála neamhchúitithe sócmhainní nó is féidir freisin gur i ngeall ar theagmhas nádúrtha éigin ar nós creatha talún a tharlaíonn athrú, seachas i ngeall ar fheiniméan a bhaineann le cúrsaí eacnamaíocha amháin. De rogha air sin, d'fhéadfadh athrú teacht ar luach sócmhainne luaithe in airgeadra eachtrach de thoradh athraithe ar an ráta malairte.

ATHRUITHE EILE AR SHÓCMHAINNÍ AGUS AR DHLITEANAS

- 6.02 *Sainmhíniú:* is éard atá in athruithe eile ar shócmhainní agus ar dliteanas sreafaí eacnamaíocha a athraíonn luach na sócmhainní agus na ndliteanas seachas aon sreabhadh eacnamaíoch a thagann as idirbhearta a thaifeadtar sna cuntais chaipitil agus airgeadais.

Déantar idirdhealú idir dhá chineál athraithe eile. Is éard atá sa chéad cheann athruithe ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas. Tagann an dara ceann as gnóthachain ainmniúla agus cailiteanas ainmniúla sealúchais.

Athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas (K.1 go K.6)

- 6.03 Sa chuntas caipitil, féadfaidh sócmhainní táirgthe agus sócmhainní neamhtháirgthe dul isteach in earnáil nó earnáil a fhágáil trí eadálacha sócmhainní nó diúscairtí sócmhainní, trí chaipiteal seasta a ídiú, nó trí bhreiseanna a chur le fardail, trí aistarraingtí ó fhardail agus trí chailiteanas athfhillteacha ó fhardail. Sa chuntas airgeadais, téann sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais isteach sa chóras nuair a aontaíonn féichiúnaí go n-íocfar airgead le creidiúnaí sa todhchaí agus go bhfágfar an córas nuair a bheidh an oibleagáid sin comhlíonta aige.

- 6.04 Áirítear i measc na n-athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas sreafaí lena bhféadfaidh sócmhainní agus dliteanas dul isteach sna cuntais nó na cuntais a fhágáil seachas trí idirbhearta — mar shampla, iontráil agus imeacht a thagann as sócmhainní nádúrtha a aimsiú, a ídiú agus a dhíghrádú.

Áirítear freisin i measc athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas an éifeacht a bhíonn ag teagmhais sheachtracha eisceachtúla gan choinne nach de nádúr eacnamaíoch iad, agus athruithe a thagann as aonaid institiúideacha nó sócmhainní agus dliteanas a athaicmiú nó a athstruchtúrú.

- 6.05 Cumhdaítear sé chatagóir le hathruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas:

- (a) taispeánadh eacnamaíoch sócmhainní (K.1);
- (b) imeacht eacnamaíoch sócmhainní neamhtháirgthe (K.2);
- (c) cailiteanas i ngeall ar thubaistí (K.3);
- (d) urghabhálacha neamhchúitithe (K.4);
- (e) athruithe eile ar an méid nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile (K.5); agus
- (f) athruithe ar aicmiú (K.6).

Taispeánadh eacnamaíoch sócmhainní (K.1)

- 6.06 Is ionann taispeánadh eacnamaíoch sócmhainní agus an méadú ar mhéid na sócmhainní táirgthe agus na sócmhainní neamhtháirgthe nach dtagann as táirgeadh. Orthu sin tá:

- (a) séadchomharthaí stairiúla, mar shampla aon déanmhas nó láithreán atá suntasach ó thaobh na seandálaíochta, na staire nó an chultúir de, nuair a aithnítear a luach den chéad uair sa chlár comhardaithe;
- (b) earraí luachmhara, amhail clocha lómhara, seandachtaí agus réada ealaíne, nuair a aithnítear den chéad uair ardluach nó suntas ealaíne réada nach bhfuil taifeadta cheana sa chlár comhardaithe;
- (c) aimsiú acmhainní fo-ithreach insaothraithe amhail stoic chruthaithe guail, ola, gáis nádúrtha, mianraí miotalacha nó mianraí neamh-mhiotalacha. Cumhdaítear anseo freisin aon athmhéasúnú in airde ar luach stoc nuair is inmharthana é saothrú stoc chun críoch eacnamaíoch de thoradh dul chun cinn teicneolaíoch nó athruithe ar phraghsanna coibhneasta;

- (d) fás nádúrtha acmhainní bitheolaíocha neamhshaothraithe amhail foraoisí nádúrtha agus an stoc éisc, i gcás nach bhfuil fás sócmhainní eacnamaíocha den sórt sin faoi rialú, faoi fhreagracht ná faoi bhainistiú díreach aonaid institiúidigh agus mar sin de nach láimhseáiltear iad mar tháirgeadh;
- (e) aistrithe acmhainní nádúrtha eile go gníomhaíocht eacnamaíoch: acmhainní nádúrtha a n-athraíonn a stádas chun cáiliú mar shócmhainní eacnamaíocha. I measc samplaí de sin áirítear saothrú tosaigh foraoisí nár réitíodh riamh, claochlú talún ó thalamh atá fiáin nó gan rath go talamh ar féidir úsáid eacnamaíoch a bhaint as, míntíriú talún agus muirear tosaigh as eastóscadh uisce. Féadfaidh acmhainní nádúrtha dul i luachmhaire i ngeall ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ar siúl cóngarach do na hacmhainní. Féadfar a aithint, mar shampla, go bhfuil talamh luachmhar toisc limistéar forbraíochta a bheith in aice láimhe nó toisc bóthar rochtana a bheith tógtha. Déantar costas aon fheabhsuithe talún a thaifeadadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta ach má bhíonn an méadú ar luach na talún níos mó ná luach na bhfeabhsuithe arna gcur leis an talamh déantar an barrachas a thaifeadadh mar thaispeánadh eacnamaíoch;
- (f) athruithe ar cháilíocht sócmhainní nádúrtha i ngeall ar athruithe ar úsáidí eacnamaíocha. Déantar athruithe ar cháilíocht a thaifeadadh mar athruithe ar an méid. Tarlaíonn na hathruithe ar cháilíocht a thaifeadadh sa dóigh sin mar chontrapháirt na n-athruithe ar úsáid eacnamaíoch a thaispeántar mar athruithe ar aicmiú (féach mír 6.21). Is féidir, mar shampla, go dtiocfaidh méadú ar luach talún chomh maith le hathrú ar aicmiú na talún de thoradh talamh a athaicmiú ó thalamh saothraithe go talamh faoi fhoirgnimh. I gcás mar sin, tá an tsócmhainn laistigh de theorainn na sócmhainne cheana agus glactar leis gurb é an t-athrú ar cháilíocht na sócmhainne i ngeall ar athrú ar úsáid eacnamaíoch atá sa taispeánadh sócmhainne. Sampla eile is ea é an méadú ar luach eallaigh dhéiríochta nuair a chuirtear chun seamlais iad níos luaithe ná mar a bhí súil leis;
- (g) taispeánadh tosaigh luacha ó chonarthaí, léasanna, ceadúnais nó ceadanna inaistrithe a dheonú. Tá luach conarthaí, léasanna, ceadúnas nó ceadanna den sórt sin in ionannas le sócmhainn nuair a sháraíonn luach na teidlíochta a dheonaítear leo na táillí is infíochta agus féadfaidh an sealbhóir é sin a réadú trína n-aistriú go tríú páirtithe; agus
- (h) athruithe ar luach cáilmheasa agus ar luach sócmhainní margaíochta, a thagann i gcrích nuair a dhíoltar aonaid institiúideacha ag praghsanna a sháraíonn a gcistí dílse (féach mír 7.07); tugtar cáilmheas ceannaithe agus sócmhainní margaíochta ar bharrachas an phraghais cheannaigh ar na cistí dílse. Ní mheastar gur sócmhainn eacnamaíoch é cáilmheas nach bhfianáitear trí dhíol/ceannach.

Imeacht eacnamaíoch sócmhainní neamhtháirgthe (K.2)

6.07 Áirítear an méid seo a leanas in imeacht eacnamaíoch sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais:

- (a) ídiú acmhainní nádúrtha, lena gcumhdaítear laghdú ar luach fosuithe sócmhainní fo-ithreach agus ídiú acmhainní bitheolaíocha neamhshaothraithe atá ar áireamh faoi theorainn na sócmhainne (féach pointe (e) de mhír 6.06) de thoradh buainte, difhoroaisithe nó de thoradh eastóscadh a úsáid thar leibhéal inbhuanaithe. Is ionann mórán na n-iontrálacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo agus malairt na n-iontrálacha a gcuirtear síos orthu i bpointe (c) go pointe (f) de mhír 6.06;
- (b) imeacht eacnamaíoch eile sócmhainní neamhtháirgthe, lena gcumhdaítear:
- (i) díluacháil luach an cháilmheasa ceannaithe agus na sócmhainní margaíochta; agus
- (ii) dul as feidhm na sochar a fhaightear ó chonarthaí, léasanna, ceadúnais nó ceadanna inaistrithe.

Cailteanais i ngeall ar thubaistí (K.3)

6.08 Tagann cailteanais i ngeall ar thubaistí, a thaifeadtar mar athruithe eile ar an méid, as teagmhais mhórscaála, dhiscréideacha agus inaitheanta a scriosann sócmhainní eacnamaíocha.

6.09 Ar na teagmhais sin áirítear mórchreathanna talún, brúchtaí bolcánacha, tonnta tuile, speirlingí atá thar a bheith láidir, triomach agus tubaistí nádúrtha eile; gníomhartha cogaidh, círéibeacha agus teagmhais pholaitiúla eile; agus timpistí teicneolaíocha amhail mórdhoirtí nimhiúla nó scaoileadh cáithníní radaighníomhacha san aer. Seo thíos samplaí de theagmhais den chineál sin:

- (a) meath ar cháilíocht na talún de bharr tuilte neamhghnácha nó damáiste ón ngaoth;
- (b) scriosadh sócmhainní saothraithe trí thriomach nó ráigeanna de ghalair;
- (c) scriosadh foirgneamh, trealaimh nó earraí luachmhara i dtinte foraoise nó i gcreathanna talún; agus
- (d) scriosadh timpisteach airgeadra nó urrús iompróra de thoradh tubaistí nádúrtha nó teagmhas polaitiúil, nó de thoradh scriosadh fianaise úinéireachta.

Urghabhálacha neamhchúitithe (K.4)

- 6.10 Tarlaíonn urghabhálacha neamhchúitithe nuair a ghlacann rialtais nó aonaid institiúideacha eile seilbh ar shócmhainní aonad institiúideach eile, lena n-áirítear aonaid neamhchónaitheacha, gan cúiteamh iomlán, ar chúiseanna eile seachas íocaíocht cánacha, fineálacha nó tobhach dá samhail. Meastar gur fineáil é urghabháil maoine a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil. Déantar an chuid neamhchúitithe de na hurghabhálacha aontaobhacha sin a thaifeadh mar athrú eile ar an méid.
- 6.11 Maidir le sócmhainní arna bhforiáimh nó arna n-athshealbhú ag creidiúnaithe, ní thaifeadtar mar urghabhálacha neamhchúitithe iad toisc go bhforáiltear, go sainráite nó trí thuiscint ghinearálta, go bhféadtar leas a bhaint as sin sa chomhaontú idir na páirtithe.

Athruithe eile ar an méid nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile (K.5)

- 6.12 Faoi athruithe eile ar an méid nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile (K.5) tá an tionchar a bhíonn ag teagmhais neamhthuartha ar luach eacnamaíoch sócmhainní.
- 6.13 I measc samplaí d'athruithe eile ar an méid sócmhainní neamhairgeadais nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile áirítear iad seo a leanas:
- (a) dífheidhmeacht neamhthuartha. Ní áireofar dífheidhmeacht neamhthuartha sócmhainní seasta i dtoimhdí a úsáidtear chun ídiú an chaipitil sheasta a dhíorthú. Féadtar gur lú an tsuim a áirítear dá ndífheidhmeacht intuartha ná an tsuim is gá don dífheidhmeacht iarbhír. Ní mór, ar an ábhar sin, iontrálacha a dhéanamh maidir le titim i luach na sócmhainní seasta mar gheall ar theicneolaíocht fheabhsaithe a thabhairt isteach mar shampla;
 - (b) difríochtaí idir líuntais a áirítear in ídiú an chaipitil sheasta le haghaidh gnáthdhamáiste agus cailteanas iarbhír. Ní áirítear in ídiú an chaipitil sheasta damáiste neamhthuartha, agus féadtar gur lú nó gur mó an tsuim a mheastar maidir le gnáthdhamáiste intuartha ná an tsuim is gá maidir le damáiste iarbhír. Ní mór, dá bhrí sin, coigeartuithe a dhéanamh le haghaidh titime neamhthuartha i luach na sócmhainní seasta nó méadú neamhthuartha air i ngeall ar theagmhais den sórt sin. Níl na cailteanais arna gcoigeartú anseo mór go leor le bheith tubaisteach;
 - (c) díghrádú sócmhainní seasta nach gcuirtear san áireamh in ídiú an chaipitil sheasta. Cumhdaítear leis sin titim i luach na sócmhainní seasta i ngeall ar, mar shampla, tionchar neamhthuartha aigéadachta san aer agus tionchar báistí ar dhromchlaí foirgneamh nó ar chabhlaigh feithiclí;
 - (d) tréigean saoraidí táirgíochta sula gcríochnaítear iad nó sula mbaintear úsáid eacnamaíoch astu;
 - (e) cailteanais eisceachtúla sna fardail (e.g. i ngeall ar dhamáiste dóiteáin, robálacha, nó inmhiólú feithidí i stórais grán) nach meastar gur cailteanais i ngeall ar thubaistí iad.
- 6.14 I measc samplaí d'athruithe eile ar an méid sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile áirítear iad seo a leanas:
- (a) cailteanais airgeadra nó urrús iompróra i ngeall ar chúiseanna (amhail damáiste dóiteáin nó gadaíocht) nach meastar a bheith tubaisteach, agus airgeadra a aistarraingítear ó bheith i gcúrsaíocht nach bhfuil inmhalartaithe a thuilleadh, gan suimeanna a áireamh sa chás ina bhfuil athrú déanta ar an aicmiú ó airgeadra go hearraí luachmhara;
 - (b) athruithe ar éilimh airgeadais a thagann as díscríbhinní. Ní áirítear iad sin sa chuntas airgeadais toisc nach bhfuil aon chomhaontú frithpháirteach idir na páirtithe. Go sonrach, is féidir le creidiúnaí a chinneadh nach féidir éileamh airgeadais a bhailiú a thuilleadh, i ngeall ar fhéimheacht nó ar leachtú, mar shampla, agus déanfaidh sé an t-éileamh a bhaint óna chlár comhardaithe. Is mar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní a thaifeadtar go n-aithníonn an creidiúnaí nach féidir an t-éileamh a bhailiú. Ní mór an dliteanas comhfhreagrach a bhaint ó chlár comhardaithe an fhéichiúnaí freisin chun cothromaíocht a choimeád i gcuntais an gheallgair iomláin. Déantar eisceacht ón bprionsabal ginearálta sin maidir le cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha leis an rialtas ginearálta (féach pointe (d) de mhír 6.15);
 - (c) athruithe ar árachas saoil, ar theidlíochtaí blianachta agus ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar athruithe ar thóimhdí déimeagrafacha;
 - (d) soláthairtí i gcomhair glaonna faoi scéimeanna rátháíochta caighdeánaithe nuair a sháraíonn na glaonna intuartha na fáiltais agus na haisghabhálacha atá intuartha.
- 6.15 Ní áirítear an méid seo a leanas sna hathruithe eile ar an méid nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile:
- (a) athruithe ar éilimh airgeadais a thagann as díluachálacha a léiríonn luachanna iarbhír an mhargaidh ar éilimh intrádála airgeadais; tá cuntas orthu sin sa chuntas athluachála;

- (b) cealú fiach trí chomhaontú frithpháirteach idir féichiúnaí agus creidiúnaí (cealú fiach nó maitheamh fiach): déantar é sin a thaifeadh mar idirbheart idir an creidiúnaí agus an féichiúnaí (féach pointe (f) de mhír 4.165);
- (c) séanadh fiach: ní aithnítear cealú aontaobhach dliteanas ag féichiúnaí;
- (d) cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta atá iníoctha leis an rialtas ginearálta agus a aithníonn an rialtas ginearálta go haontaobhach nach dóchúil go mbaileofar iad (féach mír 1.57, mír 4.27 agus mír 4.82).

Athruithe ar aicmiú (K.6)

- 6.16 Is éard atá in athruithe ar aicmiú athruithe ar aicmiú earnála agus ar struchtúr aonad institiúideach, agus athruithe ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas.

Athruithe ar aicmiú earnála agus ar struchtúr aonad institiúideach (K.61)

- 6.17 Nuair a athaicmítear aonad institiúideach ó earnáil amháin go hearnáil eile aistrítear a chlár comhardaithe iomlán, e.g. má tharlaíonn sé go ndéantar aonad atá ar leith óna úinéir ó thaobh airgid de d'aonad institiúideach atá aicmithe in earnáil na dteaghlach, féadfar é a cháiliú mar shamhailchorparáid agus a athaicmiú in éarnáil na gcorparáidí neamhairgeadais.
- 6.18 Maidir le hathruithe ar aicmiú earnála, déantar an clár comhardaithe iomlán a aistriú ó earnáil amháin nó ó fho-earnáil amháin go hearnáil nó go fo-earnáil eile. Féadfaidh comhdhlúthú nó dí-chomhdhlúthú sócmhainní agus dliteanas a bheith mar thoradh ar an aistriú agus áirítear é sin sa chatagóir seo freisin.
- 6.19 Cumhdaítear le hathruithe ar struchtúr na n-aonad institiúideach taispeánadh agus imeacht sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais áirithe a thagann as athstruchtúir corparáideach. Nuair a imíonn corparáid mar eintiteas dlíthiúil neamhspleách toisc go ndéanann corparáid amháin nó níos mó í a chomhghabháil, imíonn na sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais go léir as an gcóras, lena n-áirítear scaireanna agus cothromas eile a bhí ann idir an chorparáid sin agus na corparáidí a rinne í a chomhghabháil. Mar sin féin, maidir le scaireanna agus cothromas eile de chuid corparáide a cheannach mar chuid de chumasc, déantar é sin a thaifeadh mar idirbheart airgeadais idir an chorparáid cheannaigh agus na hiar-úinéirí. Maidir le scaireanna sa chorparáid cheannaigh, nó i gcorparáid nua, a chur in ionad scaireanna ar marthain, taifeadtar iad mar fhuascailtí scaireanna lena n-eisítear scaireanna nua. Ní thagann aon athrú ar shócmhainní airgeadais ná ar dhliteanas airgeadais a bhí ann idir an chorparáid chomhghafa agus tríú páirtithe agus téann siad ar aghaidh chuig an gcorparáid chomhghabhála.
- 6.20 Go siméadrach, nuair a dhéantar corparáid a dheighilt go dlíthiúil ina dhá aonad institiúideacha nó níos mó, déantar taispeánadh sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thaifeadh mar athruithe ar aicmiú earnála agus ar struchtúr.

Athruithe ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas (K.62)

- 6.21 Tarlaíonn athruithe ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas nuair a thaispeántar sócmhainní agus dliteanas faoi chatagóir amháin sa chlár comhardaithe tosaigh agus faoi chatagóir eile sa chlár comhardaithe deiridh. Ar shamplaí tá athruithe ar úsáid talún agus teaghaisí a athchóiriú le haghaidh úsáide tráchtála nó a mhalairt. I gcás talún, tugtar an luach céanna don dá iontráil (iontráil dhiúltach don tseanchatagóir, iontráil dheimhneach don chatagóir nua). Aon athrú ar luach na talún a thagann as an athrú sin ar úsáid, taifeadtar é mar athrú ar an méid seachas mar athluacháil agus, mar sin, is mar thaispeánadh eacnamaíoch sócmhainní nó imeacht eacnamaíoch sócmhainní neamhtháirgthe a thaifeadtar é.
- 6.22 Maidir le taispeánadh nó imeacht óir airgeadaíochta atá i bhfoirm órbhuillin, ní féidir an méid a chruthú trí idirbheart airgeadais a chruthú ach téann sé isteach sa chóras nó fágann sé an córas trí athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.
- 6.23 Maidir le hathrú ar aicmiú, cás ar leith atá ann i gcás órbhuillin. Is féidir le hórbbuilleán a bheith ina shócmhainn airgeadais ar a dtugtar ór airgeadaíochta, nó ina earra luachmhar ar a dtugtar ór neamhairgeadaíochta, ag brath ar an sealbhóir agus ar na forais dá bhfuil sé á shealbhú. Is é is luach airgid a chur ar rud athrú ar aicmiú órbhuillin ó ór neamhairgeadaíochta go hór airgeadaíochta. Is é is luach airgid a bhaint de rud an t-athrú ar aicmiú órbhuillin ó ór airgeadaíochta go hór neamhairgeadaíochta.
- 6.24 Déantar oibríochtaí i dtaca le hórbbuilleán a thaifeadh mar seo a leanas:
 - (a) nuair a dhíolann údarás airgeadaíochta órbuilleán atá ina shócmhainn chúlchiste le haonad institiúideach neamhchónaitheach nach bhfuil ina údarás airgeadaíochta nó nuair a dhíolann sé le haonad institiúideach cónaitheach é, taifeadtar idirbheart óir neamhairgeadaíochta. Déantar luach airgid a bhaint d'ór mar athrú ar aicmiú órbhuillin ó ór airgeadaíochta go hór neamhairgeadaíochta díreach sula ndéantar an t-idirbheart agus déantar é a thaifeadh mar athruithe eile ar mhéid sócmhainní an údarás airgeadaíochta;

- (b) nuair a cheannaíonn údarás airgeadaíochta órbhuilleán ó aonad institiúideach neamhchónaitheach nó cónaitheach dá shócmhainní cúlchiste agus nach bhfuil an t-ór sin ina shócmhainn chúlchiste cheana, taifeadtar idirbheart óir neamhairgeadaíochta. Déantar luach airgid a chur le hór mar athrú ar aicmiú órbhuillín ó ór neamhairgeadaíochta go hór airgeadaíochta díreach i ndiaidh an t-idirbheart a dhéanamh, agus déantar é a thaifeadh mar athruithe eile ar mhéid shócmhainní an údaráis airgeadaíochta;
- (c) nuair is údarás airgeadaíochta iad an ceannaitheoir agus an díoltóir a bhaineann le geilleagair éagsúla agus nuair atá an t-órbhuilleán á shealbhú acu beirt mar chuid dá sócmhainní cúlchiste, déantar idirbheart órbhuillín a thaifeadtar sa chuntas airgeadais;
- (d) i gcásanna eile, ór neamhairgeadaíochta is ea órbhuilleán i gcónaí agus taifeadtar idirbhearta óir neamhairgeadaíochta.

Tá feidhm ag na cásanna thuasluaite a bhaineann le húdarás airgeadaíochta maidir le heagraíocht airgeadais idirnáisiúnta freisin.

- 6.25 Ní áirítear urrúis fiachais a chomhshó ina scaireanna in athruithe ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas ach taifeadtar mar dhá idirbheart airgeadais iad.

Gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais (K.7)

- 6.26 Sa chuntas athluachála taifeadtar na gnóthachain ainmniúla agus na cailteanais ainmniúla sealúchais a fhabhraíonn i rith na tréimhse cuntasaióchta ar úinéirí na sócmhainní agus na ndliteanas agus léirítear leis sin athruithe ar leibhéal agus struchtúr na bpraghsanna. Is éard a chuimsítear faoi ghnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais (K.7) gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais (K.71) agus gnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais (K.72).
- 6.27 *Sainmhíniú:* is éard atá i ngnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais (K.7) a bhaineann le sócmhainn na méaduithe nó na laghduithe ar luach na sócmhainne a fhabhraíonn ar a húinéir eacnamaíoch de thoradh méaduithe nó laghduithe ar an bpraghas atá uirthi. Is éard atá i ngnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais a bhaineann le dliteanas airgeadais na laghduithe nó na méaduithe ar luacháil an dliteanais de thoradh méaduithe nó laghduithe ar an bpraghas atá air.
- 6.28 Tarlaíonn gnóthachain sealúchais i ngeall ar mhéadú ar luach sócmhainne nó i ngeall ar laghdú ar luach dliteanais. Tarlaíonn cailteanais sealúchais i ngeall ar laghdú ar luach sócmhainne nó i ngeall ar mhéadú ar luach dliteanais.
- 6.29 Is ionann na gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais a thaifeadtar sa chuntas athluachála agus na gnóthachain agus cailteanais a fhabhraíonn ar shócmhainní nó ar dhliteanais, bíodh siad réadaithe nó neamhréadaithe. Deirtear go bhfuil gnóthachain sealúchais réadaithe nuair a dhéantar an tsócmhainn i dtrácht a dhíol, a fhuascailt, a úsáid nó a dhiúscairt ar shlí eile, nó nuair a athíoctar an dliteanas. Is éard atá i ngnóthachain neamhréadaithe gnóthachain a fhabhraíonn ar shócmhainn atá fós faoi úinéireacht nó ar dhliteanas atá fós gan íoc ag deireadh na tréimhse cuntasaióchta. Tuigtear gurb é atá i ngnóthachain réadaithe, de ghnáth, an gnóthachain a réadaítear thar an tréimhse iomlán ina bhfuil an tsócmhainn faoi úinéireacht nó an dliteanas gan íoc, cibé acu is ionann nó nach ionann an tréimhse sin agus an tréimhse chuntasaióchta. Mar sin féin, toisc go dtaifeadtar gnóthachain agus cailteanais sealúchais ar bhonn fabhraithe, ní thaispeántar an t-idirdhealú idir gnóthachain agus cailteanais réadaithe agus gnóthachain agus cailteanais neamhréadaithe sna haicmithe ná sna cuntais, cé go bhfuil sé úsáideach chun críoch áirithe.
- 6.30 Áirítear i measc gnóthachain agus cailteanais sealúchais na gnóthachain agus na cailteanais ar gach cineál sócmhainne neamhairgeadais, sócmhainne airgeadais agus ar gach cineál dliteanais. Ar an dóigh sin, cumhdaítear freisin gnóthachain agus cailteanais sealúchais ar fhardaíl gach cineál earra arna shealbhú ag táirgeoirí, lena n-áirítear obair idir lámha.
- 6.31 Féadtar go bhfabhróidh gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais ar shócmhainní a shealbháitear nó ar dhliteanais a thabhaítear go ceann aon tréimhse ama le linn na tréimhse cuntasaióchta agus ní amháin ar shócmhainní nó ar dhliteanais a thaispeántar sa chlár comhardaithe tosaigh agus/nó sa chlár comhardaithe deiridh. Déantar na gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais a fhabhraíonn ar úinéir sócmhainne áirithe nó dliteanais áirithe, nó ar úinéir méid áirithe de chineál sonracha sócmhainne nó dliteanais, idir dhá thráth, a shainmhíniú mar seo a leanas: “luach reatha na sócmhainne nó an dliteanais sin ag an tráth níos déanaí lúide luach reatha na sócmhainne nó an dliteanais sin ag an tráth níos luaithe”, ag glacadh leis nach n-athraíonn an tsócmhainn nó an dliteanas féin, ar bhonn cáilíochtuil ná cainníochtuil, idir an dá linn.
- 6.32 Is féidir an gnóthachain ainmniúil sealúchais (G) a fhabhraíonn ar mhéid áirithe q de shócmhainn éigin idir na tráthanna o agus t a shloinneadh mar seo a leanas: $G = (p_t - p_o) \times q$.
- sa chás gurb iad p_o agus p_t praghsanna na sócmhainne ag tráthanna o agus t faoi seach. I gcás sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais ag a bhfuil luachanna reatha seasta san airgeadra náisiúnta, is ionann p_o agus p_t agus aontacht de réir an tsainmhíniú agus bíonn na gnóthachain ainmniúla sealúchais cothrom le neamhní i gcónaí.
- 6.33 Chun gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais a ríomh, ní mór éadálacha sócmhainní agus diúscairtí sócmhainní a luacháil ar an mbealach céanna mar a thaifeadtar iad sna cuntais chaipitil agus airgeadais agus ní mór stoic sócmhainní a luacháil ar an mbealach céanna agus a thaifeadtar iad sa chlár comhardaithe. I gcás sócmhainní seasta is ionann luach na héadála agus an tsuim arna híoc ag an gceannaitheoir leis an táirgeoir, nó leis an díoltóir, móide na costais ghaolmhara a ghabhann le haistriú úinéireachta a thabhaíonn an ceannaitheoir. Is ionann luach diúscairta sócmhainne seasta ar marthain agus an tsuim a fhaigheann an díoltóir ón gceannaitheoir lúide na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta a thabhaíonn an díoltóir.

- 6.34 Eisceacht ón gcás arna thuairisciú i mír 6.33 is ea nuair nach ionann an praghas a íoctar agus margadhluach na sócmhainne. Sa chás sin, déantar taifeadadh barúlach ar aistriú caipitil don difríocht idir an praghas a íoctar agus an margadhluach agus taifeadtar an éadail ag an margadhluach. Tarlaíonn sin go háirithe i gcás idirbheart a bhaineann le hearnálacha neamh-mhargaidh.
- 6.35 Sonraítear ceithre chás éagsúla as a dtagann gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais:
- (a) sócmhainn arna sealbhú feadh na tréimhse cuntasáíochta: is ionann an gnóthachan ainmniúil sealúchais a fhabhraíonn le linn na tréimhse cuntasáíochta agus an luach sa chlár comhardaithe deiridh lúide an luach sa chlár comhardaithe tosaigh lúide aon ídiú caipitil sheasta sa tréimhse chuntasáíochta sin. Is éard atá sna luachanna sin luachanna measta na sócmhainní dá bhfaighfí iad tráth a dtarraingítear suas na cláir chomhardaithe. Is gnóthachan ainmniúil neamhréadaithe atá i gceist;
- (b) sócmhainn arna sealbhú ag tús na tréimhse agus arna díol le linn na tréimhse: is ionann an gnóthachan ainmniúil sealúchais a fhabhraíonn agus an luach diúscartha lúide an luach sa chlár comhardaithe tosaigh lúide aon ídiú caipitil sheasta sa tréimhse chuntasáíochta sin atá ann roimh an díol. Is gnóthachan ainmniúil réadaithe atá i gceist;
- (c) sócmhainn arna fáil mar éadail le linn na tréimhse agus a shealbhaítear fós ag deireadh na tréimhse: is ionann an gnóthachan ainmniúil sealúchais a fhabhraíonn agus an luach sa chlár comhardaithe deiridh lúide an luach éadála lúide aon ídiú caipitil sheasta sa tréimhse chuntasáíochta. Is gnóthachan ainmniúil neamhréadaithe atá i gceist; agus
- (d) sócmhainn arna fáil mar éadail agus arna diúscairt le linn na tréimhse cuntasáíochta: is ionann an gnóthachan ainmniúil sealúchais a fhabhraíonn agus an luach diúscartha lúide an luach éadála lúide aon ídiú caipitil sheasta sa tréimhse chuntasáíochta idir éadail agus diúscairt na sócmhainne. Is gnóthachan ainmniúil réadaithe atá i gceist.
- 6.36 Is éard atá sna gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais a áirítear sa chatagóir seo na gnóthachain agus na cailteanais a fhabhraíonn ar shócmhainní agus ar dhliteanais, bídis réadaithe nó neamhréadaithe. Taifeadtar iad i gcuntas athluachála na n-earnálacha lena mbaineann, an gheilleagair iomláin agus na coda eile den domhan.

Gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais (K.71)

- 6.37 *Sainmhíniú*: is éard atá i ngnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais (K.71) a bhaineann le sócmhainn nó le dliteanas luach na ngnóthachan agus na gcaillteanas sealúchais a fhabhraítear má athraíonn praghas na sócmhainne nó an dliteanas le himeacht aimsire i gcoibhneas leis an leibhéal ginearálta praghsanna.
- 6.38 Aithnítear gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais chun go n-éascófar díorthú na ngnóthachan réadach agus na gcaillteanas réadach sealúchais lena n-athdháiltear cumhacht ceannaigh réadach idir na hearnálacha.
- 6.39 Ciallaíodh r an t-innéacs ginearálta praghsanna. Déantar an gnóthachan neodrach sealúchais (NG) ar mhéid áirithe q de shócmhainn idir na tráthanna o agus t a shloinneadh mar seo a leanas: $NG = p_o \times q (r_t/r_o - 1)$,
- sa chás gurb é $p_o \times q$ luach reatha na sócmhainne ag tráth o agus gurb é r_t/r_o fachtóir an athraithe san innéacs ginearálta praghsanna idir tráthanna o agus t . Cuirtear an téarma céanna r_t/r_o i bhfeidhm maidir leis na sócmhainní agus na dliteanais go léir.
- 6.40 Is ionann an t-innéacs ginearálta praghsanna a chuirtear i bhfeidhm chun gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais a ríomh agus an t-innéacs praghsanna i gcomhair caiteachais chríochnaithigh.
- 6.41 Taifeadtar gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais sa chuntas gnóthachan neodrach agus cailteanas neodrach sealúchais, ar fochuntas é de chuntas athluachála na n-earnálacha, an gheilleagair iomláin agus na coda eile den domhan.

Gnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais (K.72)

- 6.42 *Sainmhíniú*: is éard atá i ngnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais (K.72) a bhaineann le sócmhainn nó le dliteanas agus is éard atá iontu an difríocht idir na gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais agus na gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais ar an tsócmhainn sin.
- 6.43 Déantar an gnóthachan réadach sealúchais (RG) ar mhéid áirithe q de shócmhainn idir na tráthanna o agus t a shloinneadh mar seo a leanas:

$$RG = G - NG$$

$$\text{nó } RG = (p_t/p_o - r_t/r_o) \times p_o \times q$$

- 6.44 Maidir le luachanna na ngnóthachan réadach agus na gcaillteanas réadach sealúchais ar shócmhainní agus ar dhliteanais, braitheann siad, sa dóigh sin, ar athruithe ar a bpraghsanna feadh na tréimhse i dtrácht, i gcoibhneas le hathruithe ar phraghsanna eile, ar an meán, mar a thomhastar iad san innéacs ginearálta praghsanna.
- 6.45 Taifeadtar gnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais sa chuntas gnóthachan réadach agus cailteanais réadach sealúchais, ar fochuntas é den chuntas athluachála.

Gnóthachain agus cailteanais sealúchais de réir cineálacha sócmhainne agus dliteanais airgeadais

Ór airgeadaíochta agus CTSanna (AF.1)

- 6.46 Toisc gur i ndollair na Stát Aontaithe a luaitear praghas óir airgeadaíochta de ghnáth, tá luach óir airgeadaíochta faoi réir gnóthachan ainmniúil agus cailteanais ainmniúil sealúchais trí athruithe ar an ráta malairte agus ar phraghas an óir féin.
- 6.47 Toisc gurb ionann na CTSanna agus bascaed airgeadraí, athraíonn a luach ó thaobh an airgeadra náisiúnta de, agus mar sin de luach na ngnóthachan agus na gcaillteanas sealúchais, de réir rátaí malairte na n-airgeadraí sa bhascaed i gcoinne an airgeadra náisiúnta.

Airgeadra agus taiscí (AF.2)

- 6.48 Bíonn luach reatha airgeadra agus taiscí a ainmnítear in airgeadra náisiúnta tairiseach le himeacht aimsire. Is ionann “praghas” na sócmhainne sin i gcónaí agus aontacht agus cuirtear an chainníocht in iúl le líon na n-aonad den airgeadra ina n-ainmnítear iad. Bíonn na gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais ar na sócmhainní sin cothrom le neamhní i gcónaí. Ar an ábhar sin, maidir leis an difríocht idir luachanna stoic thosaigh agus stoic dheiridh na sócmhainní sin, cé is moite d'athruithe eile ar an méid, tugtar cuntas orthu go hiomlán i luachanna na n-idirbheart sócmhainní. Is cás ar leith é seo inar féidir, de ghnáth, na hidirbhearta a dhéanamh amach ó na hathruithe ar fhigiúirí an chláir chomhardaithe.
- 6.49 Déantar an t-ús a fhabhraíonn ar thaiscí a thaifeadadh sa chuntas airgeadais mar ús arna athinfeistiú go comhuaineach mar thaiscí.
- 6.50 Maidir le sealúchais in airgeadra eachtrach agus taiscí atá ainmnithe in airgeadraí eile, déanfar gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais a chlárú leo i ngeall ar athruithe ar rátaí malairte.
- 6.51 Chun na gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais agus na gnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais ar shócmhainní de luach reatha seasta a ríomh, tá gá le sonraí maidir le tráthanna agus luachanna na n-idirbheart, chomh maith le luachanna an chláir chomhardaithe tosaigh agus an chláir chomhardaithe deiridh. I gcás, mar shampla, ina ndéantar taisce agus ina ndéantar í a aistarraingt arís laistigh den tréimhse chuntasaíochta chéanna fad agus atá an leibhéal ginearálta praghsanna ag ardú. Tá an gnóthachan neodrach ar an taisce deimhneach agus an gnóthachan réadach diúltach, agus an tsuim ag brath ar an tréimhse ama atá an taisce amuigh agus ar an ráta boilscithe. Tá sé dodhéanta na cailteanais réadacha sin a thaifeadadh gan sonraí ar luach na n-idirbheart a rinneadh le linn na tréimhse cuntasaíochta agus na tráthanna a ndearnadh iad.
- 6.52 Go ginearálta, féadtar a thuiscint sa chás ina bhfuil dearbhluach iomlán na n-idirbheart deimhneach agus na n-idirbheart diúltach ard i gcoibhneas le leibhéal na gclár chomhardaithe tosaigh agus deiridh, nach leor neastacháin na ngnóthachan neodrach agus cailteanais neodrach sealúchais agus na ngnóthachan réadach agus cailteanais réadach sealúchais ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais ag a bhfuil luachanna reatha seasta arna ndíorthú ó shonraí an chláir chomhardaithe amháin. Fiú má dhéantar luachanna na n-idirbheart airgeadais a thaifeadadh i bhfoirm chomhlán, i.e. taiscí a rinneadh agus a aistarraingíodh a thaifeadadh ar leithligh seachas luach iomlán na dtaiscí lúide aistarraingtí, d'fhéadfadh sé nach leor é gan faisnéis ar na tráthanna a ndearnadh na taiscí.

Urrúis fiachais (AF.3)

- 6.53 Nuair a dhéantar urrúis fiachais fadtéarmach, amhail banna, a eisiamh ar biseach nó ar lascaine, lena n-áirítear bannaí domhainlascaine nó bannaí cúpóin nialasaigh, déantar an t-ús a bhfuil sé d'oibleagáid ar an eisitheoir a íoc thar shaolré an urrúis fiachais a thomhas tríd an difríocht idir praghas na heisiúna agus a aghaidhluach nó luach na fuascailte tráth a aibíochta. Taifeadtar ús den chineál sin mar ioncam ó mhaoín atá infíochta ag eisitheoir an urrúis fiachais fhadtéarmaigh agus atá infhála ag sealbhóir an urrúis fiachais, sa bhreis ar aon ús cúpóin arna íoc iarbhrí ag an eisitheoir ag tráthanna sonracha thar shaolré an urrúis fiachais.
- 6.54 Taifeadtar an t-ús a fhabhraíonn uaidh sa chuntas airgeadais mar ús arna athinfeistiú san urrúis fiachais go comhuaineach ag sealbhóir an urrúis fiachais. Dá bhrí sin, taifeadtar é sa chuntas airgeadais mar éadail sócmhainne a chuirtear leis an tsócmhainn ar marthain. Ar an dóigh sin, leis an méadú de réir a chéile ar mhargadhluach urrúis fiachais fhadtéarmaigh atá incurtha i leith charnadh an úis athinfeistithe fhabhráithe, léirítear fás ar an bpríomhshuim gan íoc — is é sin, ar mhéid na sócmhainne. Is éard atá ann go bunúsach méadú ar chainníocht nó ar mhéid seachas méadú ar phraghsanna. Ní chruthaíonn sé aon ghnóthachan sealúchais do shealbhóir an urrúis fiachais fhadtéarmaigh ná aon chailteanais sealúchais don eisitheoir. Athraíonn urrúis fiachais ó thaobh cáilíochta de le himeacht aimsire de réir mar a thagann siad in aibíocht agus tá sé fíor-riachtanach a aithint nach ionann méadú ar a luachanna i ngeall ar charnadh úis fhabhráithe agus athruithe ar phraghsanna agus nach gcruthaíonn siad gnóthachain sealúchais.

6.55 Athraíonn praghsanna urrúis fiachais fhadtéarmaigh ag ráta úis sheasta freisin, áfach, nuair a athraíonn rátaí úis ar an margadh, agus bíonn na praghsanna ag athrú contrártha leis na gluaiseachtaí rátaí úis. Dá ghirracht don aibíocht atá an t-urrús is amhlaidh is lú tionchar athraithe ag ráta úis áirithe ar phraghas urrúis fiachais fhadtéarmaigh aonair. Is éard atá in athruithe ar phraghsanna urrúis fiachais fhadtéarmaigh atá incurtha i leith athruithe ar rátaí úis ar an margadh athruithe ar phraghsanna seachas ar chainníocht. Cruthaíonn siad gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais, dá bhrí sin, d'eisitheoirí na n-urrús fiachais agus do shealbhóirí na n-urrús fiachais araon. Le méadú ar na rátaí úis cruthaítear gnóthachain ainmniúil sealúchais d'eisitheoir an urrúis fiachais agus cailteanas ainmniúil sealúchais comhionann don sealbhóir, agus a mhalairt atá i gceist i gcás titime sna rátaí úis.

6.56 Maidir le hurrúis fiachais an ráta athraithe úis, tá a n-íocaíochtaí cúpóin nó a n-íocaíochtaí príomhshuime nasctha le hinnéacs ginearálta praghsanna d'earraí agus do sheirbhísí, amháin an t-innéacs praghsanna tomhaltais, ráta úis amháin Euribor, ráta LIBOR nó toradh bannaí, nó praghas sócmhainne.

Nuair atá suimeanna na n-íocaíochtaí cúpóin agus/nó na príomhshuime gan íoc nasctha le hinnéacs ginearálta praghsanna nó le hinnéacs leathan praghsanna, déantar an t-athrú ar luach na príomhshuime gan íoc, idir tús agus deireadh tréimhse áirithe cuntasaíochta i ngeall ar ghluaiseacht san innéacs ábhartha, a láimhseáil mar ús a fhabhraíonn i rith na tréimhse sin, sa bhreis ar aon ús dlite le híoc i rith na tréimhse sin.

Nuair a áirítear spreagadh maidir le gnóthachain sealúchais in innéacsú ar na suimeanna is gá a íoc tráth na haibíochta, ar innéacsú é sin de ghnáth atá bunaithe ar ítim aonair amháin atá sainithe go beacht, is é a bhíonn de thoradh ar dhiallas an innéacs bhunúsáigh ón rian a rabhtas ag súil leis gnóthachain nó cailteanais sealúchais nach gealófar, de ghnáth, le linn shaolré na hionstraime.

6.57 D'fhéadfadh gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais fabhrú ar urrúis fiachais ghearrthéarmacha ar an gcuma chéanna agus a tharlaíonn i gcás urrús fiachais fadtéarmach. Mar sin féin, toisc go mbaintear aibíocht amach i bhfad níos luaithe i gcás urrús fiachais gearrthéarmach, bíonn na gnóthachain sealúchais a chruthaítear trí na hathruithe ar rátaí úis i bhfad níos ísle, de ghnáth, ná na gnóthachain ar urrúis fiachais fhadtéarmacha leis an aghaidhluach céanna.

Iasachtaí (AF.4)

6.58 Tá an scéal maidir le hairgeadra agus taiscí ábhartha freisin maidir le hiasachtaí nach ndéantar a thrádáil. Mar sin féin, i gcás ina ndíoltar iasacht ar marthain le haonad institiúideach eile, déantar dlúcháil na hiasachta, is é sin an difríocht idir praghas na fuascailte agus praghas an idirbheart, a thairfeadh i gcuntas athluachála an díoltóra agus an cheannaitheora tráth a ndéantar an t-idirbheart.

Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta (AF.5)

6.59 Le scaireanna bónaís méadaítear líon na scaireanna agus luach ainmniúil na scaireanna eisithe ach ní athraítear leo féin amháin margadhluach na scaireanna ina n-iomláine. Tá feidhm aige sin freisin maidir le díbhinn stoic arb ionann í agus scaireanna breise de chuid stoic corparáide a dháileadh *pro rata* ar úinéirí an ghnáthstoic. Ní iontráiltear scaireanna bónaís ná díbhinní stoic sna cuntais ar chor ar bith. Mar sin féin, ceapadh na heisiúintí sin chun leachtacht na scaireanna ar an margadh a fheabhsú agus, ar an gcuma sin, d'fhéadfadh ardú teacht ar mhargadhluach iomlán na scaireanna mar thoradh air sin: déantar aon athrú den chineál sin a thairfeadh mar ghnóthachain ainmniúil sealúchais.

Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (AF.6)

6.60 Nuair atá na cúlchistí agus teidlíochtaí maidir le scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe, ainmnithe in airgeadra náisiúnta, ní bhíonn aon ghnóthachain ainmniúla ná cailteanais ainmniúla sealúchais, mar atá amhlaidh i gcás airgeadra, taiscí agus iasachtaí. Tá na sócmhainní a úsáideann na hinstiúidí airgeadais chun na gealltanais a chomhlíonadh faoi réir gnóthachain agus cailteanas ainmniúil.

6.61 Athraíonn na dliteanais do shealbhóirí polasaithe agus tairbhíthe de thoradh idirbheart, athruithe eile ar an méid agus athluachálacha. Tagann athluachálacha as athruithe ar phríomhthoimhdí samhaltaithe sna ríomhanna achtúireacha. Is ionann na toimhdí sin agus an ráta lascaine, an ráta pá agus an ráta boillsithe.

Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (AF.7)

6.62 Féadtar go n-athródh luach díorthach airgeadais de thoradh athruithe ar luach na hionstraime bunúsá, athruithe ar luaineacht praghas na hionstraime bunúsá, nó i gcás ina bhfuiltear ag teacht i dtreo dháta a chomhlíonta nó dháta a aibíochta. Measfar gur athruithe ar an bpraghas é gach athrú den chineál sin ar luach díorthach airgeadais agus scair-roghanna fostaithe agus déanfar iad a thairfeadh mar athluacháil.

Cuntais eile infhála/iníochta (AF.8)

6.63 Tá an scéal maidir le hairgeadra baile, taiscí agus iasachtaí ábhartha freisin maidir le cuntais eile infhála/iníochta, nach ndéantar a thrádáil. Mar sin féin, i gcás ina ndíoltar creidmheas trádála ar marthain le haonad institiúideach eile déantar an difríocht idir praghas na fuascailte agus praghas an idirbheart a thairfeadh mar athluacháil tráth a ndéantar an t-idirbheart. Mar sin féin, toisc gur gnách creidmheas trádála a bheith gearrthéarmach ó nádúr, d'fhéadfaí go dtabharfaí le tuiscint gurb ionann creidmheas trádála a dhíol agus ionstraim airgeadais nua a chruthú.

Sócmhainní atá ainmnithe in airgeadra eachtrach

6.64 Déantar luach sócmhainní agus dliteanas atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a thomhas de réir a margadhluach reatha in airgeadra eachtrach arna chomhshó ina airgeadra náisiúnta ag an ráta reatha malairte. D'fhéadfadh gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais a bheith ann, dá bhrí sin, i ngeall ar athruithe ar phraghas na sócmhainne agus ar an ráta malairte. Déantar luach iomlán na ngnóthachan ainmniúil agus na gcaillteanas ainmniúil sealúchais a fhabhraíonn le linn na tréimhse cuntasáochta a ríomh trí luach na n-idirbheart agus athruithe eile ar an méid a asbhaint ón difríocht idir luachanna an chláir chomhardaithe tosaigh agus an chláir chomhardaithe deiridh. Chun na críche sin, déantar idirbhearta sócmhainní agus dliteanas in airgeadra eachtrach a chomhshó san airgeadra náisiúnta ag úsáid na rátaí malairte tráth a dtarlaíonn na hidirbhearta, agus déantar luachanna an chláir chomhardaithe tosaigh agus an chláir chomhardaithe deiridh a chomhshó trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ar na dátaí lena mbaineann na cláir chomhardaithe. Tugann sé sin le tuiscint, i ndáiríre, go ndéantar luach iomlán na n-idirbheart mar ghlanéadálacha — éadálacha lúide diúscairtí — luaite in airgeadra eachtrach, a chomhshó trí bhíthin meánráta malairte ualaithe ina dtugtar luachanna idirbheart arna seoladh ar dhátaí difriúla do na hualaí.

CAIBIDIL 7

CLÁIR CHOMHARDAITHE

- 7.01 *Sainmhíniú:* is éard is clár comhardaithe ann ráiteas, arna tharraingt suas ag tráth áirithe, ar luachanna sócmhainní atá faoi úinéireacht eacnamaíoch aonaid institiúidigh nó grúpa aonad institiúideach agus ar luachanna dliteanas atá dlite ón aonad nó ón ngrúpa aonad sin.
- 7.02 Tugtar glanfhiúchas (B.90) ar an ítim chomhardaithe i gclár comhardaithe. Déantar stoc na sócmhainní agus na ndliteanas arna dtaifeadh sa chlár comhardaithe a luacháil ag na praghsanna iomchuí, arb ionann iad de ghnáth agus na praghsanna margaidh atá i réim ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe, ach i gcás roinnt catagóirí déantar iad a luacháil ag a luachanna ainmniúla. Déantar clár comhardaithe a tharraingt suas d'earnálacha agus d'fho-earnálacha institiúideacha cónaitheacha, don gheilleagar iomlán agus don chuid eile den domhan.
- 7.03 Is comhlánú ar sheicheamh na gcuntas é an clár comhardaithe, agus taispeánann sé an éifeacht deiridh a bhíonn ag na hiontrálacha sa chuntas táirgeachta, sna cuntais dáilte agus úsáide ioncaim agus sna cuntais charntha ar stoc rachmais geilleagair.
- 7.04 I gcás earnálacha institiúideacha is ionann an ítim chomhardaithe ar chlár comhardaithe agus glanfhiúchas.
- 7.05 I gcás an ghealleagair iomláin náisiúnta, is minic a thugtar rachmas náisiúnta ar an ítim chomhardaithe — luach iomlán na sócmhainní neamhairgeadais agus na nglansócmhainní airgeadais maidir leis an gcuid eile den domhan.
- 7.06 Tiomsaítear clár comhardaithe na coda eile den domhan sa dóigh chéanna le cláir chomhardaithe na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha institiúideacha cónaitheacha. Níl ann ach suíomhanna shócmhainní airgeadais agus dhliteanais airgeadais na neamhchónaitheach i leith na gcónaitheach. Sa lámhleabhar BPM6, tugtar an staid infheistíochta idirnáisiúnta (SII) ar an gclár comhardaithe comhfhreagrach arna tharraingt suas ó dhearcadh na gcónaitheach i leith na neamhchónaitheach.
- 7.07 De réir an tsainmhíne is éard is cistí dílse ann suim an ghlanfhiúchais (B.90) móide luach cothromais agus scaireanna/aonad i gcistí infheistíochta (AF.5) mar dhliteanais sa chlár comhardaithe.
- 7.08 I gcás earnálacha agus fo-earnálacha na gcorparáidí neamhairgeadais agus na gcorparáidí airgeadais is ionann cistí dílse agus táscaire atá suntasach go hanailiseach agus cosúil le glanfhiúchas.
- 7.09 Is gnách le glanfhiúchas corparáidí bheith difriúil ó luach a gcuid scaireanna agus an chothromais eile atá eisithe. Tá glanfhiúchas samhailchorparáidí cothrom le neamhní, toisc go nglactar leis go bhfuil luach chothromas an úinéara cothrom leis an difríocht idir sócmhainní na samhailchorparáide agus a ndliteanais nach cothromas iad. Dá bhrí sin, tá glanfhiúchas gnóthas cónaitheach infheistíochta díri, arb ionann iad agus brainsí de ghnóthais neamhchónaitheacha agus a láimseáiltear mar shamhailchorparáidí, cothrom le neamhní freisin.
- 7.10 Tugtar glanfhiúchas airgeadais (BF.90) ar ítim chomhardaithe na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais.
- 7.11 Baineann clár comhardaithe le luach sócmhainní agus dliteanas ag tráth áirithe. Tiomsaítear cláir chomhardaithe ag tús agus ag deireadh tréimhse cuntasáochta; is ionann an clár comhardaithe tosaigh ag tús na tréimhse agus an clár comhardaithe deiridh arna thaifeadh ag deireadh na tréimhse roimhe sin.
- 7.12 Déantar luach stoic de chineál sonrath sócmhainne mar a léirítear é sa chlár comhardaithe tosaigh a nascadh leis an luach sa chlár comhardaithe deiridh trí bhun-chomhionannas cuntasáochta a úsáid ar an dóigh seo a leanas:

luach an stoic de chineál sonrath sócmhainne sa chlár comhardaithe tosaigh

<i>móide</i>	idirbhearta	luach iomlán na sócmhainne sin arna fáil mar éadail in idirbhearta a tharlaíonn le linn na tréimhse cuntasáochta
<i>lúide</i>		luach iomlán na sócmhainne sin arna diúscairt in idirbhearta a tharlaíonn le linn na tréimhse cuntasáochta
<i>lúide</i>		ídiú an chaipitil sheasta (más infheidhme)
<i>móide</i>	athruithe eile ar mhéid na sócmhainní	athruithe deimhneacha eile ar an méid a bhfuil tionchar acu ar an tsócmhainn sin
<i>lúide</i>		athruithe diúltacha eile ar an méid a bhfuil tionchar acu ar an tsócmhainn sin

<i>móide</i>	athluachálacha	luach na ngnóthachan ainmniúil sealúchais arna bhfabhrú le linn na tréimhse mar thoradh ar athruithe ar phraghas na sócmhainne sin
<i>lúide</i>		luach na gcaillteanas ainmniúil sealúchais arna bhfabhrú le linn na tréimhse mar thoradh ar athruithe ar phraghas na sócmhainne sin

cothrom le luach stoc na sócmhainne sin sa chlár comhardaithe deiridh.

Féadtar tábla a tharraingt suas freisin, ina ndéantar luach an stoic de chineál sonrath dliteanais sa chlár comhardaithe tosaigh a nascadh leis an luach sa chlár comhardaithe deiridh.

- 7.13 Taispeántar go scéimreach in Iarscríbhinn 7.2 na naisc chuntasáochta idir an clár comhardaithe tosaigh agus an clár comhardaithe deiridh trí idirbhearta, trí athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas agus trí ghnóthachain agus cailteanas sealúchais.

CINEÁLACHA SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS

Sainmhíniú ar shócmhainn

- 7.14 Is sócmhainní eacnamaíochas iad na sócmhainní a thaifeadtar sna cláir chomhardaithe.
- 7.15 *Sainmhíniú:* is éard is sócmhainn eacnamaíoch ann stór luacha atá in ionannas leis na sochair a fhabhraíonn ar an úinéir eacnamaíoch tríd an eintiteas a shealbhú nó a úsáid thar thréimhse ama. Bealach atá ann le luach a thabhairt ar aghaidh ó thréimhse chuntasáochta amháin go tréimhse chuntasáochta eile.
- 7.16 Ar na sochair eacnamaíochas sin tá ioncain phríomha amhail barrachas oibriúcháin, nuair a úsáideann an t-úinéir eacnamaíoch an tsócmhainn, nó amhail ioncam ó mhaoín, nuair a ligeann an t-úinéir do dhaoine eile í a úsáid. Tagann na sochair as úsáid na sócmhainne agus ón luach a réadaítear tríd an tsócmhainn a dhiúscairt nó a dhíothú, lena n-áirítear gnóthachain agus cailteanas sealúchais.
- 7.17 Ní gá gurb ionann úinéir eacnamaíoch sócmhainne agus an t-úinéir dlíthiúil. Is ionann an t-úinéir eacnamaíoch agus an t-aonad institiúideach atá i dteideal na sochair a ghabhann le húsáid na sócmhainne a éileamh de bhua go nglacann sé leis na rioscaí a ghabhann leis.
- 7.18 Tá forbhreathnú ar aicmiú na sócmhainní eacnamaíochas agus ar a gcuimsítear leo tugtha i dTábla 7.1. Tá sainmhíniú mionsonraithe ar gach catagóir sócmhainne leagtha amach in Iarscríbhinn 7.1.

EISIAIMH Ó SHÓCMHAINNÍ AGUS Ó DHLITEANAS

- 7.19 Ní áirítear an méid seo a leanas mar shócmhainní ná mar dhliteanas:
- (a) caipiteal daonna;
 - (b) sócmhainní nádúrtha nach meastar a bheith ina sócmhainní eacnamaíochas (e.g. aer, uisce abhann);
 - (c) earraí marthanacha tomhaltas; agus
 - (d) sócmhainní teagmhasacha agus dliteanas theagmhasacha, nach sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais iad (féach mír 7.31).

CINEÁLACHA SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS

- 7.20 Déantar idirdhealú idir dhá phríomhchtagóir iontrálacha sna cláir chomhardaithe: sócmhainní neamhairgeadais (cód AN) agus sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais (cód AF).
- 7.21 Roinntear sócmhainní neamhairgeadais i sócmhainní táirgthe neamhairgeadais (cód AN.1) agus sócmhainní neamhtáirgthe neamhairgeadais (cód AN.2).

Sócmhainní táirgthe neamhairgeadais (AN.1)

- 7.22 *Sainmhíniú:* is éard is sócmhainní táirgthe neamhairgeadais (AN.1) ann aschur ó phróisis táirgthe.
- 7.23 Tá an t-aicmiú a dhéantar ar shócmhainní táirgthe neamhairgeadais (AN.1) ceaptha sa chaoi is go ndéantar idirdhealú idir shócmhainní bunaithe ar an ról atá acu sna próisis táirgthe. An méid seo a leanas atá ann: sócmhainní seasta a úsáidtear arís is arís eile nó ar bhonn leanúnach i bpróisis táirgthe ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin; fardail arna n-ídiú mar thomhaltas idirmheánach sna próisis táirgthe, fardail arna ndíol nó fardail arna ndiúscairt ar shlí eile; agus earraí luachmhara. Ní úsáidtear earraí luachmhara chun críoch táirgthe ná tomhailte go príomha, ach seachas sin faightear iad agus sealbhaítear iad, den chuid is mó, mar stórtha luacha.

Sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (AN.2)

- 7.24 *Sainmhíniú:* is éard is sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (AN.2) ann sócmhainní eacnamaíocha a thagann chun cinn ar bhealach eile seachas trí phróisis táirgthe. Orthu sin tá sócmhainní nádúrtha, conarthaí, léasanna, ceadúnais, ceadanna, agus cáilmheas agus sócmhainní margaíochta.
- 7.25 Tá an t-aicmiú a dhéantar ar shócmhainní neamhtháirgthe ceaptha sa chaoi is go ndéantar idirdhealú idir shócmhainní bunaithe ar an tslí ina dtagann siad chun cinn. Tá roinnt de na sócmhainní sin ann go nádúrtha, agus roinnt eile, arna gceapadh ag an tsochaí, tagann siad chun cinn trí bhearta dlí nó cuntasáíochta.
- 7.26 Tá an cinneadh maidir leis na sócmhainní nádúrtha atá le háireamh sa chlár comhardaithe, i gcomhéir leis an sainmhíniú ginearálta ar shócmhainn eacnamaíoch, bunaithe ar cé acu atá na sócmhainní faoi réir úinéireachta eacnamaíche éifeachtaí agus in acmhainn sochair eacnamaíocha a thabhairt dá n-úinéirí nó nach bhfuil, i bhfianaise na teicneolaíochta, an eolais agus na ndeiseanna eacnamaíocha atá ann, na n-acmhainní atá ar fáil, agus floireann na bpraghsanna coibhneasta. Ní áirítear na sócmhainní nádúrtha sin nach bhfuil cearta úinéireachta bunaithe ina leith, amhail na farraigí agus an t-aer.
- 7.27 Ní ghlactar leis gur sócmhainní neamhairgeadais iad conarthaí, léasanna, ceadúnais agus ceadanna ach amháin nuair a thugtar sochair eacnamaíocha don sealbhóir mar gheall ar chomhaontú dlíthiúil, ar sochair iad de bhreis ar na suimeanna is iníochta faoin gcomhaontú, agus nuair a fhéadfaidh an sealbhóir sochair den sórt sin a réadú go dlíthiúil agus go praiticiúil trína n-aistriú go tríú páirtithe.

Sócmhainní airgeadais agus dlíteanais airgeadais (AF)

- 7.28 *ainmhíniú:* Is éard is sócmhainní airgeadais (AF) ann sócmhainní eacnamaíocha, lena n-áirítear gach éileamh airgeadais, cothromas agus an chuid sin d'ór airgeadaíochta arb órbhuilleán í (mír 5.03). Bunaítear dlíteanais nuair atá ar fhéichiúnaithe íocaíocht nó sraith íocaíochtaí a thabhairt do chreidiúnaithe (mír 5.06).
- 7.29 Is éard is sócmhainní airgeadais ann stórtha luacha atá in ionannas le sochar nó le sraith sochar a fhabhraíonn ar an úinéir eacnamaíoch trí na sócmhainní a shealbhú nó a úsáid thar thréimhse ama. Bealach atá ann le luach a thabhairt ar aghaidh ó thréimhse chuntasaíochta amháin go thréimhse chuntasaíochta eile. Déantar sochair a mhalartú trí bhíthin íocaíochtaí (mír 5.04).
- 7.30 Tá dlíteanas contrapháirte ag gach sócmhainn airgeadais, cé is moite den chuid sin d'ór airgeadaíochta arb órbhuilleán í, agus aicmítear an dlíteanas sin sa chatagóir "ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta" (AF.1).
- 7.31 Is comhaontuithe iad sócmhainní teagmhasacha agus dlíteanais theagmhasacha trína bhfuil ar pháirtí amháin íocaíocht nó sraith íocaíochtaí a thabhairt d'aonad eile sa chás ina bhfuil coinníollacha sonracha i réim (mír 5.08) agus sa chás sin amháin. Ní sócmhainní airgeadais agus dlíteanais airgeadais iad.
- 7.32 Freagraíonn an t-aicmiú a dhéantar ar shócmhainní airgeadais agus ar dhlíteanais airgeadais don aicmiú a dhéantar ar idirbhearta airgeadais (mír 5.14). Tá na sainmhínithe ar na catagóirí agus ar na fochatagóirí de shócmhainní airgeadais agus de dhlíteanais airgeadais agus na míniúcháin fhorlíontacha tugtha i gCaibidil 5 agus ní thugtar arís anseo iad ach déantar achoimre ar na sócmhainní agus na dlíteanais ar fad a bhfuil sainmhíniú tugtha orthu sa chóras in Iarscríbhinn 7.1.

Tábla 7.1 — Aicmiú sócmhainní

AN.	SÓCMHAINNÍ NEAMHAIRGEADAIS (AN.1 + AN.2)
AN.1	<i>Sócmhainní táirgthe neamhairgeadais</i>
AN.11	Sócmhainní seasta ⁽¹⁾
AN.111	Teaghaisí
AN.112	Foirgnimh agus déanmhais eile
AN.1121	Foirgnimh seachas teaghaisí
AN.1122	Déanmhais eile
AN.1123	Feabhsuithe talún
AN.113	Innealra agus trealamh
AN.1131	Trealamh iompair

AN.	SÓCMHAINNÍ NEAMHAIRGEADAIS (AN.1 + AN.2)
AN.1132	Trealamh ICT
AN.1139	Innealra agus trealamh eile
AN.114	Córais armán
AN.115	Acmhainní bitheolaíoch saothraithe
AN.1151	Acmhainní ainmhithe a mbíonn táirgí athuair mar thoradh orthu
AN.1152	Acmhainní crainn, bairr agus planda a mbíonn táirgí athuair mar thoradh orthu
AN.117	Táirgí maoine intleachtúla
AN.1171	Taighde agus forbairt
AN.1172	Taiscéalaíocht agus meastóireacht mianraí
AN.1173	Bogearraí ríomhaireachta agus bunachair shonraí
AN.11731	Bogearraí ríomhaireachta
AN.11732	Bunachair shonraí
AN.1174	Bunábhar siamsaíochta, litriochta nó ealaíne
AN.1179	Táirgí maoine intleachtúla eile
AN.12	Fardail
AN.121	Ábhair agus soláthairtí
AN.122	Obair idir lámha
AN.1221	Obair idir lámha ar shócmhainní bitheolaíoch saothraithe
AN.1222	Obair eile idir lámha
AN.123	Earraí críochnaithe
AN.124	Fardail mhíleata
AN.125	Earraí le hathdhíol
AN.13	Earraí luachmhara
AN.131	Miotail lómhara agus clocha lómhara
AN.132	Seandachtaí agus réada ealaíne eile
AN.133	Earraí luachmhara eile
AN.2	<i>Sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais</i>
AN.21	Acmhainní nádúrtha
AN.211	Talamh
AN.2111	Talamh faoi fhoirgnimh agus faoi dhéanmhais
AN.2112	Talamh á shaothrú
AN.2113	Talamh áineasa agus uisce dromchla gaolmhar
AN.2119	Talamh eile agus uisce dromchla gaolmhar

AN.	SÓCMHAINNÍ NEAMHAIRGEADAIS (AN.1 + AN.2)
AN.212	Cúltaisí mianraí agus fuinnimh
AN.213	Acmhainní bitheolaíochá neamhshaothraithe
AN.214	Acmhainní uisce
AN.215	Acmhainní nádúrtha eile
AN.2151	Speictrim raidió
AN.2159	Eile
AN.22	Conarthaí, léasanna agus ceadúnais
AN.221	Léasanna oibriúcháin indíolta
AN.222	Ceadanna chun acmhainní nádúrtha a úsáid
AN.223	Ceadanna chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh
AN.224	Teidlíocht i leith earraí agus seirbhísí todhchaí ar bhonn eisiach
AN.23	Ceannacháin lúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margaíochta

(¹) Ítim le meabhrú AN.m: earraí marthanacha tomhaltais.

AF	SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (¹) (AF.1 + AF.2 + AF.3 + AF.4 + AF.5 + AF.6 + AF.7 + AF.8)
AF.1	Ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta (CTSanna)
AF.11	Ór airgeadaíochta
AF.12	Cearta tarraingthe speisialta (CTS)
AF.2	Airgeadra agus taiscí
AF.21	Airgeadra
AF.22	Taiscí inaistrithe
AF.29	Taiscí eile
AF.3	Urrús fiachais
AF.31	Gearrthéarmach
AF.32	Fadtéarmach
AF.4	Iasachtaí
AF.41	Gearrthéarmach
AF.42	Fadtéarmach
AF.5	Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta
AF.51	Cothromas
AF.511	Scaireanna liostaithe
AF.512	Scaireanna neamhliostaithe
AF.519	Cothromas eile

AF	SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS ⁽¹⁾ (AF.1 + AF.2 + AF.3 + AF.4 + AF.5 + AF.6 + AF.7 + AF.8)
AF.52	Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta
AF.521	Scaireanna/aonaid CMA
AF.522	Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta neamh-CMA
AF.6	<i>Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe</i>
AF.61	Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil
AF.62	Teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta
AF.63	Teidlíochtaí pinsean
AF.64	Éilimh chistí pinsin ar bhainisteoirí cistí pinsin
AF.65	Teidlíochtaí sochar neamhphinsean
AF.66	Soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe
AF.7	Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe
AF.71	Díorthaigh airgeadais
AF.72	Scair-roghanna fostaithe
AF.8	<i>Cuntais eile infhála/iníochta</i>
AF.81	Creidmheasanna trádála agus airleacain
AF.89	Cuntais eile infhála/iníochta, gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh

⁽¹⁾ Ítimí le meabhrú AF.m1 Infheistíocht dhíreach eachtrach; AF.m2: Iasachtaí neamhthuillmheacha.

LUACHÁIL IONTRÁLACHA SNA CLÁIR CHOMHARDAITHE

Prionsabail ghinearálta luachála

- 7.33 Déantar gach ítim a luacháil sa chlár comhardaithe amhail is dá mbeadh sí á fáil ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe. Déantar sócmhainní agus dliteanais a luacháil ag praghsanna an mhargaidh ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe.
- 7.34 Ba cheart praghsanna atá inbhreathnaithe ar an margadh ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe a léiriú leis na luachanna a thaifeadtar. I gcás nach bhfuil aon phraghsanna inbhreathnaithe margaidh ann — a bhféadfadh a bheith amhlaidh i gcás margadh a bheith ann nár díoladh aon sócmhainní air le déanaí — ba cheart meastachán a dhéanamh ar na praghsanna a bheadh ann dá bhfaighfí na sócmhainní ar an margadh ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe.
- 7.35 Is gnách praghsanna margaidh a bheith ar fáil do go leor de na sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais, agus d'eastát réadach atá ann (foirgnimh agus déanmhais eile móide an talamh fúthu), trealamh iompair atá ann, barra agus beostoc mar aon le sócmhainní seasta nuatháirgthe agus fardail.
- 7.36 Ba cheart sócmhainní neamhairgeadais arna dtáirgeadh ar bhonn féinchuntais a luacháil ag bunphraghsanna nó, mura bhfuil bunphraghsanna ar fáil, ag bunphraghsanna earraí cosúla, nó, murar féidir é sin a dhéanamh, de réir costais.
- 7.37 I dteannta phraghsanna breathnaithe an mhargaidh, meastachán bunaithe ar phraghsanna breathnaithe nó ar chostais arna dtabhu, féadfar luachanna sócmhainní neamhairgeadais a mheas trí:
- eadálacha lúide diúscairtí a athluacháil agus a charnadh thar shaolré na sócmhainní; nó
 - luach láithreach, i.e. luach lascainithe, shochair eacnamaíocha na todhchaí.

- 7.38 Is é luacháil ar an margadh an príomhphrionsabal maidir le suíomhanna (agus idirbhearta) ionstraimí airgeadais a luacháil. Tá ionstraimí airgeadais cothrom le héilimh airgeadais. Is sócmhainní airgeadais iad a bhfuil dliteanais chomhfhreagracha acu. Is é atá sa mhargadhluach an luach sin ag a bhfaightear sócmhainní airgeadais mar éadail nó an luach ag a ndiúsraítear iad, idir pháirtithe toilteanacha, bunaithe ar chúiseanna tráchtála amháin, gan coimisiúin, táillí agus cánacha a áireamh. Agus margadhluachanna á gcinneadh, cuireann páirtithe trádála ús fabhráithe san áireamh freisin.
- 7.39 Le luacháil ainmniúil léirítear iomlán na gcistí a tugadh ar airleacan ar dtús, móide aon airleacain eile ina dhiaidh sin, lúide aon aisíocaíochtaí, móide aon ús fabhráithe. Ní ionann luach ainmniúil agus aghaidhluach.
- (a) Maidir le luach ainmniúil in airgeadra intíre ar ionstraim airgeadais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, áirítear gnóthachain nó cailteanais sealúchais a thagann as gluaiseachtaí sna rátaí malairte.
- Ba cheart luach ionstraimí airgeadais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a chomhshó in airgeadra náisiúnta ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe. Ba cheart an ráta sin a bheith ina lárphointe idir an spotráta ceannaigh agus an spotráta díolacháin i gcás idirbheart airgeadra.
- (b) I gcás ionstraimí airgeadais, amhail urrúis fiachais atá nasctha le hinnéacs cúng, is féidir gnóthachain nó cailteanais sealúchais a thagann as gluaiseachtaí san innéacs a áirithiú leis an luach ainmniúil.
- (c) Ag aon tráth sonracha, féadfaidh margadhluach ionstraime airgeadais diall óna luach ainmniúil i ngeall ar athluachálacha a thagann as athruithe ar phraghas an mhargaidh. Tagann gluaiseachtaí i bpragsanna an mhargaidh as coinníollacha ginearálta an mhargaidh, amhail athruithe ar ráta úis an mhargaidh, imthosca sonracha, amhail athruithe ar acmhainneacht creidmheasa mheabhairbhraite eisitheoir an urrúis fiachais, agus athruithe ar leachtacht ghinearálta an mhargaidh, go háirithe leachtacht an mhargaidh fad a bhaineann leis an urrúis fiachais sin.
- (d) Mar sin de, tá feidhm ag an gcothromóid bhunúsach seo a leanas maidir le suíomhanna:
- $$\text{Margadhluach} = \text{Luach ainmniúil} + \text{Athluachálacha a thagann as athruithe ar phraghsanna an mhargaidh.}$$
- 7.40 I gcás roinnt sócmhainní neamhairgeadais déantar praghas athluacháilte na héadála tosaigh a laghdú go neamhní thar shaolré ionchais na sócmhainne. Is ionann luach sócmhainne den sórt sin, ag aon tráth áirithe, agus an difríocht idir an praghas reatha éadála agus luach carntha laghdaithe den sórt sin.
- 7.41 Féadtar formhór na sócmhainní seasta a thaifeadadh i gcláir chomhardaithe ag pragsanna reatha na gceannaitheoirí agus iad laghdaithe i gcomhair ídiú carntha an chaipitil sheasta; tugtar an costas athsholáthair díluacháilte air seo. Tugtar glanstoc caipitil ar shuim luachanna laghdaithe na sócmhainní seasta go léir atá fós in úsáid. Áirítear leis an ollstoc caipitil luachanna ídiú carntha an chaipitil sheasta.

SÓCMHAINNÍ NEAMHAIRGEADAIS (AN)

Sócmhainní táirgthe neamhairgeadais (AN)

Sócmhainní seasta (AN.11)

- 7.42 Taifeadtar sócmhainní seasta ag pragsanna an mhargaidh más féidir (nó ag bunphraghsanna i gcás táirgeadh féinchuntais sócmhainní nua), nó, murar féidir, ag pragsanna na gceannaitheoirí an tráth a bhfaightear mar éadail iad laghdaithe trí ídiú carntha an chaipitil sheasta. Áirítear costais na gceannaitheoirí i leith úinéireacht sócmhainní seasta a aistriú i luach an chláir chomhardaithe, ar costais iad a laghdáitear mar is iomchuí trí ídiú an chaipitil sheasta thar an tréimhse a bhfuil súil ag an gceannaitheoir an tsócmhainn eacnamaíoch a shealbhú.

Táirgí maoine intleachtúla (AN.117)

- 7.43 Déantar taiscéalaíocht agus meastóireacht mianraí (catagóir AN.1172) a luacháil ar bhonn na suimeanna carntha arna n-íoc le haonaid institiúideacha eile a bhfuil an taiscéalaíocht agus an mheastóireacht á ndéanamh acu, nó ar bhonn na gcostas arna dtabhú i leith taiscéalaíochta arna déanamh ar bhonn féinchuntais. Ba cheart an chuid sin den taiscéalaíocht a rinneadh san am atá caite agus nach bhfuil laghdaithe go hiomlán go fóill a athluacháil ag na pragsanna agus ag na costais a bhaineann leis an tréimhse reatha.
- 7.44 Ba cheart bunábhair táirgí maoine intleachtúla, amhail bogearraí ríomhaireachta agus bunábhar siamsaíochta, litríochta nó ealaíne a luacháil ag pragas na héadála i gcás ina dtrádáiltear ar an margadh iad. Déantar an luach tosaigh a mheas trí na costais táirgthe a shuimiú, ar costais iad arna n-athluacháil go hiomchuí go pragsanna na tréimhse reatha. Murar féidir an luach a bhunú ar an dóigh sin, déantar meastachán ar luach láithreach fháltais ionchais na todhchaí a thagann as an tsócmhainn a úsáid.

Costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe (AN.116)

- 7.45 Déantar na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe seachas talamh a thaispeáint ar leithligh sa chuntas caipitil, agus láimhseáiltear mar ollfhoirmiú caipitil sheasta iad, ach sna cláir chomhardaithe déantar costais den sórt sin a chorprú i luach na sócmhainne lena mbaineann siad bíodh is gur sócmhainn neamhtháirgthe í. Dá bhrí sin, ní dhéantar aon chostais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe a thaispeáint ar leithligh sna cláir chomhardaithe. Láimhseáiltear na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní airgeadais mar thomhaltas idirmheánach i gcás ina bhfaigheann corparáidí nó an rialtas na sócmhainní mar éadail, láimhseáiltear mar thomhaltas críochnaitheach iad i gcás ina bhfaigheann teaghlaigh na sócmhainní mar éadail agus láimhseáiltear mar onnmhairí seirbhísí iad i gcás ina bhfaigheann neamhchónaithe na sócmhainní mar éadail.

Fardail (AN.12)

- 7.46 Ba cheart fardail a luacháil ag na praghsanna atá i réim ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe, agus ní ag na praghsanna ag a luacháladh na táirgí tráth a n-iontrála san fhardal.
- 7.47 Déantar fardail ábhar agus soláthairtí a luacháil ag praghsanna na gceannaitheoirí, agus fardail earraí críochnaithe agus obair idir lámha ag na bunphraghsanna. Déantar fardail earraí atá beartaithe le hathdhíol gan próiseáil breise ag dáileoirí a luacháil ag na praghsanna atá i réim ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe, gan aon chostais iompair arna dtabhú ag mórdhíoltóirí nó ag miondhíoltóirí a áireamh. I gcás fardal a bhaineann le hobair idir lámha, déantar luach an chláir chomhardaithe deiridh a mheas trí chéatadán an chostais iomláin táirgthe arna thabhú faoi dheireadh na tréimhse a chur i bhfeidhm maidir le bunphraghas táirge críochnaithe dá samhail ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe. I gcás nach bhfuil bunphraghas na dtáirgí críochnaithe ar fáil, déantar é a mheas de réir luach an chostais táirgthe móide marcáil suas chun glanbharrachas oibriúcháin ionchais nó glanioncam measctha measta a chur san áireamh.
- 7.48 Is féidir barra aonúsáide atá á saothrú (seachas adhmaid) agus beostoc atá á shaothrú le marú a luacháil trí thagairt a dhéanamh do phraghsanna táirgí den chineál sin ar na margaí. Déantar adhmaid ar a chois a luacháil trí na fáiltais todhchaí ó dhíol an adhmaid ag na praghsanna reatha a lascainiú tar éis na costais a bhaineann leis an adhmaid a aibíú, a leagan, etc. a asbhaint.

Earraí luachmhara (AN.13)

- 7.49 Déantar earraí luachmhara amhail saothair ealaíne, seandachtaí, seodra, clocha lómhara, ór neamhairgeadaíochta agus miotail eile a luacháil ag na praghsanna reatha. Má tá margaí eagraithe ann i gcás na sócmhainní sin, ba cheart iad a luacháil ag na praghsanna iarbhir nó ag na praghsanna measta a díocfaí orthu, gan aon choimisiúin nó táillí gníomhaire a áireamh, dá gceannófaí iad ar an margadh ar an dáta lena mbaineann an clár comhardaithe. Mura ndéantar amhlaidh, ba cheart iad a luacháil ag praghsanna na héadála arna n-athluacháil go dtí leibhéal an phraghsais reatha.

Sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (AN)**Acmhainní nádúrtha (AN.21)***Talamh (AN.211)*

- 7.50 Sa chlár comhardaithe, déantar talamh a luacháil ag praghsanna reatha margaidh na talún sin. Déantar aon chaiteachas ar fheabhsuithe talún a thaifeadadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta agus ní áirítear an luach breise a thugann sé i luach na talún a thaispeántar sa chlár comhardaithe ach taispeántar é i gcatagóir eile sócmhainní, is é sin feabhsú talaimh (AN.1123).
- 7.51 Déantar talamh a luacháil ag an bpraghas a mheastar a bhfaighfí dá ndíolfaí ar an margadh é, gan na costais a bhaineann le haistriú úinéireachta i gcás é a dhíol sa todhchaí a áireamh. Nuair a dhéantar úinéireacht a aistriú, déantar é a thaifeadadh, de réir an ghnáis, mar ollfhoirmiú caipitil sheasta agus ní áirítear na costais i luach na talún AN.211 a thaifeadtar sa chlár comhardaithe ach taifeadtar iad mar shócmhainn den chineál AN.1123. Laghdaítear an tsuim sin go neamhní trí ídiú an chaipitil sheasta thar an tréimhse a bhfuil súil ag an úinéir nua an talamh a úsáid.
- 7.52 Murar féidir luach na talún a dheighilt ó luach na bhfoirgneamh nó na ndéanmhas eile atá suite air, déantar na comhshócmhainní a aicmiú le chéile i gcatagóir na sócmhainne a bhfuil an luach is airde uirthi.

Cúltaisí mianraí agus fuinnimh (AN.212)

- 7.53 Maidir le cúltaisí fosuithe mianraí atá suite ar dhromhchla nó faoi dhromhchla na cruinne, agus atá insaothraithe ó thaobh an gheilleagair de i bhfianaise na teicneolaíochta reatha agus praghsanna coibhneasta reatha, déantar iad a luacháil ag luach láithreach na nglanfháltas a mheastar a thioctaidh as saothrú tráchtála na sócmhainní sin.

Sócmhainní nádúrtha eile (AN.213, AN.214 agus AN.215)

- 7.54 Ní dóchúil go mbeidh praghsanna breathnaithe an mhargaidh ar fáil d'acmhainní bitheolaíochta neamhsaothraithe (AN.213), d'acmhainní uisce (AN.214) ná d'acmhainní nádúrtha eile (AN.215), agus mar sin is gnách iad a luacháil ag luach láithreach na bhfáltas todhchaí a bhfuil súil a fháil uathu.

Conarthaí, léasanna agus ceadúnais (AN.22)

7.55 *Sainmhíniú:* déantar conarthaí, léasanna agus ceadúnais a thairfeadh mar shócmhainní nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) I dtéarmaí an chonartha, léis nó ceadúnais, sonraítear praghas ar úsáid sócmhainne nó ar sholáthar seirbhíse nach ionann é agus an praghas margaidh atá i réim; agus

(b) Is féidir le páirtí amháin sa chonradh an difríocht sa phraghas a réadú.

Féadfar na conarthaí, léasanna agus ceadúnais a luacháil trí fhaisnéis ar an margadh a fháil ó aistriú na n-ionstraimí a thugann na cearta, nó féadfar iad a mheas trí luach láithreach na bhfáltais todhcháí a bhfuil súil leo ag dáta an chláir chomhardaithe a chur i gcomparáid leis an gcás mar a bheidh nuair a chuirfear tús leis an gcomhaontú dlíthiúil.

7.56 Sa chatagóir seo cumhdaítear sócmhainní a d'fhéadfadh teacht as léasanna oibriúcháin indíolta, ceadúnais chun acmhainní nádúrtha a úsáid, ceadanna chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh agus teidlíochtaí i leith earraí agus seirbhísí todhcháí ar bhonn eisiach.

7.57 Tá luach na sócmhainne cothrom le glanluach láithreach bharrachas an phraghais atá i réim i gcomparáid leis an bpraghas atá socrúithe sa chomhaontú. Agus gach ní eile mar a chéile, tiocfaidh laghdú ar an luach sin de réir mar a théann tréimhse an chomhaontaithe in éag. Déantar athruithe ar luach na sócmhainne i ngeall ar athruithe ar an bpraghas atá i réim a thairfeadh mar ghnóthachain ainmniúla agus cailteanas ainmniúla sealúchais.

7.58 Ní thairfeadtar léasanna oibriúcháin indíolta mar shócmhainní ach amháin nuair a fheidhmíonn na léasaithe a chearta chun an difríocht sa phraghas a réadú.

Ceannacháin líúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margáíochta (AN.23)

7.59 Is éard is luach cáilmheasa agus luach sócmhainní margáíochta an chláir chomhardaithe ann barrachas an phraghais a íoctar tráth a ndíoltar aonad institiúideach i gcomparáid leis an luach a thairfeadtar dá chistí dílse, agus athluacháiltear an luach sin le haghaidh aon laghduithe ina dhiaidh sin toisc go ndéantar an luach tosaigh a dhíluacháil mar imeacht eacnamaíoch sócmhainní neamhtháirgthe (K.2). Tá an ráta díluachála i gcomhréir le caihdeáin chuntasaíochta tráchtála.

7.60 Is ionann sócmhainní margáíochta agus ítimí amhail ainmneacha branda, barrtheidil, trádmharcanna, lógónna agus ainmneacha fearainn.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AGUS DLITEANAIS AIRGEADAIS (AF)

7.61 Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais mar ionstraimí airgeadais soshannta amhail urrúis fiachais, urrúis chothromais, scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta agus díorthaigh airgeadais a luacháil ag an margadhluach. Déantar ionstraimí airgeadais nach ionstraimí soshannta iad a luacháil ag luach ainmniúil (féach mír 7.38 agus mír 7.39). Is ionann luachanna na sócmhainní airgeadais contrapháirte agus na ndliteanas airgeadais contrapháirte sa chlár comhardaithe. Ba cheart coimisiúin, táillí agus cánacha a eisiáil ó na luachanna. Déantar coimisiúin, táillí agus cánacha a thairfeadh mar sheirbhísí arna soláthar agus na hidirbhearta á ndéanamh.

Ór airgeadaíochta agus CTSanna (AF.1)

7.62 Déanfar ór airgeadaíochta (AF.11) a luacháil ag an bpraghas atá i réim i margaí eagraithe óir.

7.63 Déanann an CAI (an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta) luach na CTSanna (AF.12) a shocrú ar bhonn laethúil agus is féidir na rátaí in aghaidh airgeadraí intíre a fháil ó mhargaí airgeadraí.

Airgeadra agus taiscí (AF.2)

7.64 Is éard atá sa luacháil i gcás airgeadra (nótaí bainc agus monaí — AF.21) luach ainmniúil an airgeadra.

7.65 Maidir le taiscí (AF.22, AF.29), is luachanna ainmniúla iad na luachanna a thairfeadtar sa chlár comhardaithe.

7.66 Déantar airgeadra agus taiscí in airgeadra eachtrach a chomhshó in airgeadra intíre ag lárphointe na tairisceana agus déantar spótrátaí malairte atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe a thairiscint.

Urrúis fiachais (AF.3)

7.67 Déantar urrúis fiachais a thairfeadh ag an margadhluach.

- 7.68 Déantar urrúis fiachais ghearrthéarmacha (AF.31) a thaifeadh ag an margadhluach. I gcás nach bhfuil margadhluachanna ar fáil agus ar choinníoll nach mbeidh rátaí arda boilsicthe ná rátaí arda ainmiúla úis ann, féadfar an margadhluach a neasú trí luach ainmiúil na nithe seo a leanas:
- (a) urrúis fiachais ghearrthéarmacha arna n-eisiúint ar par; agus
 - (b) urrúis fiachais lascainithe ghearrthéarmacha.
- 7.69 Déantar urrúis fiachais fhadtéarmacha (AF.32) a luacháil ag an margadhluach, is cuma an bannaí iad ar a n-íoctar ús go rialta nó bannaí domhainlascaine nó bannaí cúpóin nialasaigh ar a n-íoctar fíorbheagán úis nó ús ar bith.

Iasachtaí (AF.4)

- 7.70 Is iad na luachanna ainmiúla atá sna luachanna atá le taifeadh sna cláir chomhardaithe ag creidiúnaithe agus ag féichiúnaithe araon, is cuma más iasachtaí tuillmeacha nó iasachtaí neamhthuillmeacha iad sin.

Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta (AF.5)

- 7.71 Déantar scaireanna liostaithe (AF.511) a luacháil ag an margadhluach. Glactar an luach céanna do thaobh na sócmhainní agus do thaobh na ndliteanas, cé nach bhfuil na scaireanna agus cothromas eile ina ndliteanas ar an eistheoir, de réir an dlí, ach ina gceart úinéireachta maidir le scair i luach leachtaithe corparáide, i gcás nach bhfuil an luach leachtaithe ar eolas roimh ré.
- 7.72 Déantar scaireanna liostaithe a luacháil ag meánphraghas ionadaíoch an mhargaidh arna bhreathnú ar an stocmhalartán nó ar mhargaí eagraithe airgeadais eile.
- 7.73 Ba cheart luachanna scaireanna neamhliostaithe (AF.512), nach ndéantar a thrádáil ar mhargaí eagraithe, a mheas trí thagairt a dhéanamh do cheann acu seo a leanas:

- (a) luachanna scaireanna luaite nuair is iomchuí; agus
- (b) luach cistí dílse; nó
- (c) brabúis réamhaisnéise a lascainí trí chóimheas iomchuí idir praghas margaidh agus tuilleamh a chur i bhfeidhm maidir le tuilleamh réitithe úrnua an aonaid institiúidigh.

Cuirfear na difríochtaí idir scaireanna liostaithe agus scaireanna neamhliostaithe, go háirithe a leachtacht, san áireamh sna meastacháin sin, áfach, agus déanfar an glanfhíúchas arna chnádadh thar shaolré na corparáide agus a brainse gnó a chur san áireamh freisin.

- 7.74 Braithfidh an modh meastacháin a chuirfear i bhfeidhm ar an mbunstaidreamh atá ar fáil. D'fhéadfaí, mar shampla, sonraí maidir le gníomhaíochtaí cumaisc a bhaineann le scaireanna neamhliostaithe a chur san áireamh. Má athraíonn luach cistí dílse corparáidí neamhliostaithe, ar mheán agus i gcomhréir lena gcaipiteal ainmiúil, ar an dóigh chéanna le corparáidí eile dá samhail a bhfuil scaireanna liostaithe acu, is féidir ansin luach an chláir chomhardaithe a ríomh ag baint úsáide as cóimheas. Leis an gcóimheas sin déantar luach cistí dílse corparáidí neamhliostaithe a chur i gcomparáid leis an luach i gcás corparáidí liostaithe:

luach na scaireanna neamhliostaithe = praghas margaidh scaireanna liostaithe dá samhail × (cistí dílse corparáidí neamhliostaithe)/(cistí dílse corparáidí liostaithe dá samhail).

- 7.75 D'fhéadfadh sé go mbeadh éagsúlacht de réir an bhrainte gnó sa chóimheas idir praghas na scaireanna agus cistí dílse. Is inmhianta praghas reatha scaireanna neamhliostaithe a ríomh i bhfoirm brainse ar bhrainte. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríochtaí eile ann idir corparáidí liostaithe agus corparáidí neamhliostaithe, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an modh meastacháin.
- 7.76 Is éard atá i gcothromas eile (AF.519) cothromas nach i bhfoirm urrús é. Féadtar cothromas i samhailchorparáidí (amhail brainsí, iontaobhais, comhpháirtíochtaí faoi dhliteanas teoranta agus comhpháirtíochtaí eile), i gcorparáidí poiblí, i gcistí neamhchorpraithe agus in aonaid bharúlacha (lena n-áirítear aonaid chónaitheacha bharúlacha arna gcruthú chun úinéireacht neamhchónaitheach eastáit réadaigh agus acmhainní nádúrtha a léiriú) a chur san áireamh. Déantar úinéireacht eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil i bhfoirm scaireanna a aicmiú mar cothromas eile.
- 7.77 Déantar cothromas eile de chuid samhailchorparáidí a luacháil de réir a gcistí dílse, toisc go bhfuil a nglanfhíúchas cothrom le neamhní de réir an ghnáis. Maidir le haonaid eile, ba cheart an modh luachála is iomchuí a roghnú ó na modhanna a úsáidtear do scaireanna neamhliostaithe.

- 7.78 Féadfaidh coparáidí a eisíonn scaireanna nó aonaid cothromas eile a bheith acu ina theannta sin.
- 7.79 Déantar scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta (AF.52) a luacháil ag an margadhphraghas má tá siad liostaithe. Mura bhfuil siad liostaithe is féidir an margadhluach a mheas sa dóigh chéanna a mheastar do scaireanna neamhliostaithe é. Má tá siad infhuascailte ag an gciste féin déantar iad a luacháil ag luach a bhfuascailte.

Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (AF.6)

- 7.80 Faoi na suimeanna a thairfeadtar i gcás cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil (AF.61) cumhdaítear préimheanna a íoctar ach nach dtuilltear móide na suimeanna atá curtha i leataobh chun déileáil le héilimh gan íoc. Tá na suimeanna deireanacha sin in ionannas le luach láithreach na suimeanna atáthar ag súil a íoc amach agus éilimh á socrú, lena n-áirítear éilimh a bhfuil díospóid fúthu agus liúntas le haghaidh éileamh chun teagmhais atá tarlaithe ach nach ndearnadh a thuiriscíú go fóill a chlúdach.
- 7.81 Tá na suimeanna a thairfeadtar i gcás teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta (AF.62) in ionannas leis na cúlchistí atá de dhíth chun deileáil le gach éileamh a bhfuil súil leis amach anseo.
- 7.82 Braitheann na suimeanna a thairfeadtar i gcás teidlíochtaí pinsean (AF.63) ar an gcineál scéime pinsin.
- 7.83 I scéim sochar sainithe pinsin cinntear leibhéal na sochar pinsin a ghealltar d'fhostaithe rannpháirteacha trí fhoirmle arna comhaontú roimh ré. Tá dliteanas de chuid scéime sochar sainithe pinsin cothrom le luach láithreach na sochar atá geallta.
- 7.84 I scéim ranníocaíochtaí sainithe, braitheann na sochair arna n-íoc ar fheidhmíocht na sócmhainní atá faighte mar éadail ag an scéim pinsin. Is ionann dliteanas de chuid scéime ranníocaíochtaí sainithe agus luach reatha margaidh shócmhainní na gcistí. Bíonn glanfhiúchas na gcistí cothrom le neamhní i gcónaí.
- 7.85 Is ionann an luach a thairfeadtar i gcás soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe (AF.66) agus an difríocht idir leibhéal ionchais na n-éileamh agus luach aon aisghabhálacha ionchais.

Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (AF.7)

- 7.86 Ba cheart díorthaigh airgeadais (AF.71) a áireamh sna cláir chomhardaithe ag a margadhluach. Mura bhfuil sonraí faoi phraghas an mhargaidh ar fáil, i gcás roghanna thar an gcuntar mar shampla, ba cheart na díorthaigh airgeadais a luacháil ag an tsuim is gá chun an Conradh a cheannach amach nó a fhritháireamh nó ag suim na préimhe is iníoctha.
- 7.87 I gcás roghanna, meastar go bhfuil dliteanas contrapháirte tabhaithe ag an ngealláí rogha, ar dliteanas é atá in ionannas leis an gcostas ar chearta an ngealláí rogha a cheannach amach.
- 7.88 Féadfaidh margadhluach roghanna agus réamhchonarthaí a athrú ó shuíomh deimhneach (sócmhainn) go suíomh diúltach (dliteanas) ag brath ar athruithe ar an bpraghas sna hítimí bunúsacha agus, dá réir sin, féadfaidh siad malartú idir a bheith ina sócmhainní agus ina ndliteanais do na geallaithe agus do na sealbhóirí. Feidhmíonn roinnt roghanna agus réamhchonarthaí ar bhonn íocaíochtaí éarlaise agus sna cásanna sin déantar brabúis nó cailteanas a shocrú gach lá; sna cásanna sin beidh luach an chláir chomhardaithe cothrom le neamhní.
- 7.89 Déantar scair-roghanna fostaithe (AF.72) a luacháil trí thagairt a dhéanamh do luach cóir an chothromais arna dheonú. Déantar an luach cóir a thomhas tráth an deonaithe ag baint úsáide as margadhluach roghanna intrádála coibhéiseacha nó i gcás nach bhfuil an margadhluach sin ar fáil, ag baint úsáide as samhail phraghsála roghanna.

Cuntais eile infhála/iníoctha (AF.8)

- 7.90 Maidir le creidmheasanna trádála agus airleacain (AF.81) agus cuntais eile infhála/iníoctha gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh (AF.89), a thagann chun cinn i ngeall ar dhifríochtaí uainiúcháin idir idirbhearta dáileacháin (amhail cánacha, ranníocaíochtaí sóisialta, díbhinní, cíosa, pá agus tuarastail) agus idirbhearta airgeadais, déantar iad sin a luacháil ag luach ainmniúil i gcomhair creidiúnaithe agus féichiúnaithe araon. Níor cheart na suimeanna nach dóchúil go mbaileofar iad a chur san áireamh in aon suimeanna cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta atá iníoctha faoi chatagóir AF.89 toisc go léiríonn na chéad suimeanna sin éileamh an rialtais nach bhfuil aon luach air.

CLÁIR CHOMHARDAITHE AIRGEADAIS

- 7.91 Maidir leis an gclár comhardaithe airgeadais, taispeántar na sócmhainní airgeadais ar an taobh clé agus na dliteanais airgeadais ar an taobh deas. Is glanfhiúchas airgeadais (BF.90) í ítim chomhardaithe an chláir chomhardaithe airgeadais.

- 7.92 Is féidir le clár comhardaithe airgeadais earnála nó fo-earnála cónaithe a bheith comhdhlúite nó neamh-chomhdhlúite. Is éard a thaispeántar sa chlár comhardaithe airgeadais neamh-chomhdhlúite sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais na n-aonad institiúideach atá aicmithe san earnáil nó san fho-earnáil, lena n-áirítear an earnáil nó an fho-earnáil sin a bhfuil an tsócmhainn chomhfhreagrach nó an dliteanas comhfhreagrach ina seilbh aici. Déantar na sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a bhfuil contrapháirteanna acu san earnáil nó san fho-earnáil chéanna a dhíchur leis an gclár comhardaithe airgeadais comhdhlúite. Déantar an clár comhardaithe airgeadais don chuid eile den domhan a chomhdhlúthú de réir sainmhínte. De ghnáth, ní dhéantar na hiontrálacha cuntasafóchta sa chóras a chomhdhlúthú. Dá bhrí sin, déantar clár comhardaithe airgeadais earnála nó fo-earnála cónaithe a thíolacadh ar bhonn neamh-chomhdhlúite.
- 7.93 Is éard atá i gclár comhardaithe airgeadais idirearnálach (an clár comhardaithe de réir féichiúnaithe/creidiúnaithe) leathnú ar an gclár comhardaithe airgeadais, ina dtaispeántar miondealú breise ar shócmhainní airgeadais de réir earnála féichiúnaithe agus miondealú breise ar dliteanais de réir earnála creidiúnaithe. Dá bhrí sin, tugtar faisnéis ann faoi ghaolmhaireachtaí idir féichiúnaithe agus creidiúnaithe agus tá sé ag teacht leis an gcuntas airgeadais de réir féichiúnaithe/creidiúnaithe.

ÍTÍMÍ LE MEABHRÚ

- 7.94 Chun ítimí a bhfuil spéis anailiseach níos sainfheidhmí ag baint leo a thaispeáint i gcás earnálacha áirithe, beidh trí ítim le meabhrú ar áireamh mar ítimí tacaíochta sna cláir chomhardaithe:
- (a) earraí marthanacha tomhaltais (AN.m);
 - (b) infheistíocht dhíreach eachtrach (AF.m1);
 - (c) iasachtaí neamhthuillmheacha (AF.m2).

Earraí marthanacha tomhaltais (AN.m)

- 7.95 *Sainmhíniú:* is ionann earraí marthanacha tomhaltais agus earraí marthanacha arna n-úsáid ag teaghlaigh arís agus arís eile thar thréimhsí ama is faide ná aon bhliain amháin i gcomhair tomhaltais chríochnaithigh. Áirítear iad sna cláir chomhardaithe mar ítimí le meabhrú. Ní áirítear iad sa phríomhchlár comhardaithe toisc go dtaifeadtar iad mar úsáidí i gcuntas úsáide ioncaim earnáil na dteaghlach, úsáidí a rinneadh a thomhailt le linn tréimhse an chuntais seachas a ídiú de réir a chéile
- 7.96 Déantar stóic na n-earraí marthanacha tomhaltais arna sealbhú ag teaghlaigh mar thomhaltóirí deiridh — trealamh iompair (AN.1131) agus innealra agus trealamh eile (AN.1139) — a luacháil ag praghasanna an mhargaidh san ítim le meabhrú, i bhfoirm atá glan ó na muirir choibhéseacha charntha le haghaidh ídiú an chaipitil sheasta. Tugtar liosta iomlán na bhfo-earnálacha agus ítimí na n-earraí marthanacha tomhaltais i gCaibidil 23.
- 7.97 Aicmítear earraí marthanacha, amhail feithiclí, mar shócmhainní seasta nó mar earraí marthanacha tomhaltais ag brath ar aicmiú earnála an úinéara agus ar an gcríoch dá bhfuil siad á n-úsáid. Mar shampla, féadfaidh samhail-chorparáid feithicil a úsáid go páirteach chun críoch táirgthe agus féadfaidh teaghlach í a úsáid go páirteach i gcomhair tomhaltais chríochnaithigh. Ba cheart cionmhaireacht na húsáide atá inchurtha i leith na samhailchorparáide a léiriú sna luachanna arna dtaispeáint i gclár comhardaithe earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais (S.11). Tá sampla den chineál sin ann maidir le fo-earnáil na bhfostóirí (oibríthe féinchuntais san áireamh) (S.141 + S.142). Ba cheart an chionmhaireacht atá inchurtha i leith earnáil na dteaghlach (S.14) mar thomhaltóirí deiridh a thaifeadadh san ítim le meabhrú, i bhfoirm atá glan ó na muirir choibhéseacha charntha le haghaidh ídiú an chaipitil sheasta.

Infheistíocht dhíreach eachtrach (AF.m1)

- 7.98 Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais arb ionann iad agus infheistíocht dhíreach a thaifeadadh de réir chineál na hinfeistíochta sna catagóirí seo: iasachtaí (AF.4), cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta (AF.5) nó cuntais eile infhála/iníochta (AF.8). Déantar suim na hinfeistíochta díri a áirítear i ngach ceann de na catagóirí sin a thaifeadadh mar ítim le meabhrú ar leithligh.

Iasachtaí neamhthuillmheacha (AF.m2)

- 7.99 Taifeadtar iasachtaí sa chlár comhardaithe ag luach ainmniúil.
- 7.100 Áirítear iasachtaí áirithe nach ndearnadh seirbhísiú orthu le tamall mar ítim le meabhrú i gclár comhardaithe an chreidiúnaí. Tugtar iasachtaí neamhthuillmheacha ar iasachtaí den sórt sin.
- 7.101 *Sainmhíniú:* iasacht neamhthuillmheach atá in iasacht sna cásanna seo a leanas: (a) nuair nach bhfuil íocaíochtaí úis nó íocaíochtaí i leith na príomhshuime glanta fós 90 lá nó níos mó tar éis an dáta a raibh an t-ús dlite le híos; (b) nuair a rinneadh ús atá iníochta le 90 lá nó níos mó a chaipitliú, a athmhaoiniú nó a mhoilliú trí chomhaontú; nó (c) nuair atá íocaíochtaí níos lú ná 90 lá thar téarma, ach go bhfuil údar amhrais ann nach n-íocfar iad go hiomlán (achainí á dhéanamh ar fhéimheacht ag féichiúnaí mar shampla)
- 7.102 Ba cheart a thuiscint go gcuimsíonn an sainmhíniú sin ar iasacht neamhthuillmheach gnásanna náisiúnta maidir le cathain a mheastar gurb ionann iasacht agus iasacht neamhthuillmheach. A luaithe is a aicmítear iasacht mar iasacht neamhthuillmheach, ba cheart í (nó aon iasachtaí athsholáthair) a bheith aicmithe amhlaidh tráth go bhfaightear na híocaíochtaí sin nó go ndéantar an príomhshuim a dhíscríobh ón iasacht sin nó ó iasachtaí ina dhiaidh sin a cuireadh in ionad na hiasachta bunaidh.

7.103 Tá gá le dhá ítim le meabhrú i gcás iasachtaí neamhthuillmheacha:

- (a) luach ainmniúil iasachtaí den sórt sin, mar a thaifeadtar sa phríomhchlár comhardaithe é; agus
- (b) luach coibhéiseach margaidh iasachtaí.

7.104 Is é luach cóir an neastachán is gaire do luach coibhéiseach an mhargaidh, arb ionann é agus “an luach a léiríonn neastachán ar an luach a thiofadh as idirbheart margaidh idir dhá chomhpháirtí”. Féadtar luach cóir a bhunú trí idirbhearta in ionstraimí inchomparáide a úsáid, nó trí luach lascainithe láithreach sreafaí airgid a úsáid; is féidir go mbeidh siad sin le fáil ó chlár comhardaithe an chreidiúnaí. Mura bhfuil sonraí ann i dtaobh an luacha chóir, beidh ar an ítim le meabhrú an dara cur chuige is fearr a úsáid, is é sin luach ainmniúil lúide cailteanais ionchais ar iasachtaí a thaispeáint.

Iasachtaí neamhthuillmheacha a thaifeadadh

7.105 Ní mór iasachtaí neamhthuillmheacha an rialtais ghinearálta agus earnálacha na gcorparáidí airgeadais a thaifeadadh mar ítimí le meabhrú, mar aon le hearnálacha eile a bhfuil suimeanna suntasacha i gceist iontu. Más suimeanna suntasacha iad, déantar iasachtaí ón gcuid eile den domhan nó leis an gcuid eile den domhan a thaifeadadh mar ítimí le meabhrú.

7.106 Sa tábla seo a leanas, tugtar tuairisc ar na suíomhanna agus ar na sreafaí a thaifeadtar i gcás iasachtaí neamhthuillmheacha chun léargas níos iomláine a thabhairt ar stoic, ar idirbhearta, ar athaicmithe agus ar dhíscríbhinní.

7.107 Sa sampla thíos léirítear suim gan íoc ar na hiasachtaí ag luach ainmniúil 1 000 ag t-1 agus as an 1 000 sin is d'iasachtaí tuillmheacha a fhreagraíonn 500 de agus d'iasachtaí neamhthuillmheacha an 500 eile. Tá an tromlach den luach ar iasachtaí neamhthuillmheacha (400) cumhdaithe ag soláthairtí le haghaidh cailteanas ar iasachtaí ach níl luach 100 cumhdaithe ar an dóigh sin. Sa dara cuid den tábla tá faisnéis mhionsonraithe bhreise maidir le luach coibhéiseach margaidh na n-iasachtaí neamhthuillmheacha. Déantar é a ríomh mar an difríocht idir an luach ainmniúil agus na soláthairtí le haghaidh cailteanas ar iasachtaí. Ag t-1, glactar leis gurb é 375 atá ann. Le linn na tréimhse ó t-1 go t, athaicmítear codanna de na hiasachtaí ó iasachtaí neamhthuillmheacha nó iasachtaí nach bhfuil cumhdaithe go fóill go hiasachtaí tuillmheacha nó a mhalairt, nó déantar iad a dhíscríobh. Taispeántar na sreafaí i gcolúin chomhfhreagracha an tábla. I gcás na soláthairtí le haghaidh cailteanas ar iasachtaí taispeántar na luachanna ainmiúla agus na luachanna coibhéiseacha margaidh freisin.

7.108 Ní mór na measúnuithe ar sholáthairtí le haghaidh cailteanas ar iasachtaí a dhéanamh faoi chuimsiú na gcaighdeán cuntasáiochta, an stádais dhlíthiúil agus na rialacha cánachais is infheidhme maidir leis na haonaid, a bhféadfadh torthaí measartha ilchineálacha a theacht as maidir le suimeanna agus saolré na soláthairtí le haghaidh cailteanas ar iasachtaí. Ar an ábhar sin, is doiligh iasachtaí neamhthuillmheacha a thaifeadadh sna príomhchuntais agus is i ngeall ar sin a dhéantar iad a thaifeadadh mar ítim le meabhrú. In ionad sin is fearr margadhluachanna coibhéiseacha a thabhairt mar ítimí le meabhrú i dteannta luachanna ainmiúla iasachtaí, idir iasachtaí tuillmheacha agus iasachtaí neamhthuillmheacha.

Iasachtaí neamhthuillmheacha a thaifeadadh

Suíomhanna	Stoc	Idirbheart	Athaicmlú	Díscríbhinn	Stoc
	t-1	an tréimhse ó t-1 go t			t
Luach ainmniúil					
<i>Iasachtaí</i>	1 000	200	0	- 90	1 110
<i>Iasachtaí tuillmheacha</i>	500	200	- 50		650
<i>Iasachtaí neamhthuillmheacha</i>	500		50	- 90	460
<i>atá cumhdaithe ag soláthairtí le haghaidh cailteanas ar iasachtaí</i>	400		70	- 90	380
<i>nach bhfuil cumhdaithe go fóill ag soláthairtí le haghaidh cailteanas ar iasachtaí</i>	100		- 20		80
Luach coibhéiseach margaidh					
<i>iasachtaí neamhthuillmheacha</i>	375		24	- 51	348
<i>= Luach ainmniúil</i>	500		50	- 90	460
<i>- soláthairtí le haghaidh cailteanas ar iasachtaí</i>	125		26	- 39	112
<i>ar díobh sin: nach bhfuil clúduithe go fóill</i>	100		- 20		80

IARSCRÍBHINN 7.1

ACHOIMRE AR GACH CATAGÓIR SÓCMHAINNE

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Sócmhainní Neamhairgeadais (an)	Ítimí neamhairgeadais a gcuireann aonaid institiúideacha cearta úinéireachta i bhfeidhm maidir leo, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, agus ónar féidir lena n-úinéirí sochair eacnamaíocha a fháil uathu trí iad a shealbhú nó a úsáid ar feadh tréimhse ama nó trí chead a thabhairt do dhaoine eile iad a úsáid. Tá sócmhainní seasta, fardail, earraí luachmhara, comhstruchtúir arna gceapadh ag an tsochaí agus táirgí maoinne intleachtúla i gceist.
Sócmhainní táirgthe neamhairgeadais (AN.1)	Sócmhainní neamhairgeadais arb aschur ó phróisis táirgthe iad. Is éard atá i sócmhainní táirgthe neamhairgeadais sócmhainní seasta, fardail agus earraí luachmhara, mar atá sainmhínithe thíos.
Sócmhainní seasta (AN.11)	Sócmhainní táirgthe neamhairgeadais a úsáidtear arís is arís eile nó ar bhonn leanúnach i bpróisis táirgthe ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin. Is éard atá i sócmhainní seasta teaghaisí; foirgnimh agus déanmhais eile, innealra agus trealamh, córais armán, acmhainní bithleolaíocha saothraithe agus táirgí maoinne intleachtúla, mar atá sainmhínithe thíos.
Teaghaisí (AN.111)	<p>Foirgnimh arna n-úsáid mar áiteanna cónaithe amháin nó den chuid is mó, lena n-áirítear aon déanmhais ghaolmhara, amhail garáistí, agus na buandaingneáin go léir is gnách a shuiteáil in áiteanna cónaithe. Áirítear freisin tithe bád, báirsí, tithe soghluaiste agus carbháin arna n-úsáid mar phríomháiteanna cónaithe teaghlach, mar aon le séadchomharthaí poiblí (féach AN.1121) a aithnítear mar theaghaisí go príomha. Áirítear freisin na costais a bhaineann le glanadh agus ullmhú láithreán.</p> <p>Ar shamplaí tá foirgnimh chónaithe, amhail foirgnimh le teaghais amháin agus foirgnimh le dhá theaghais agus foirgnimh chónaithe eile atá beartaithe d'áitíocht bhuan.</p> <p>Áirítear teaghaisí neamhchríochnaithe a mhéad a mheastar go bhfuil úinéireacht glactha ag an úsáideoir deiridh ina leith, ós rud é go ndearnadh an tógáil ar bhonn féinchuntais nó go bhfuil fianaise ann i bhfoirm conartha díolacháin/ceannaigh. Áirítear teaghaisí arna bhfáil do phearsanra míleata toisc go n-úsáidtear iad, mar aon le teaghaisí arna bhfáil ag aonaid shibhialtacha, chun seirbhísí tithíochta a tháirgeadh.</p> <p>Tá luach na dteaghaisí cothrom le glanluach na talún faoi na teaghaisí, a áirítear sa chatagóir "talamh" (AN.211) má tá aicmiú ar leithligh air.</p>
Foirgnimh agus déanmhais eile (AN.112)	<p>Is éard atá i bhfoirgnimh agus déanmhais eile foirgnimh nach teaghaisí iad, déanmhais eile agus feabhsuithe talún, mar atá sainmhínithe thíos.</p> <p>Áirítear foirgnimh agus déanmhais neamhchríochnaithe a mhéad a mheastar go bhfuil úinéireacht glactha ag an úsáideoir deiridh ina leith, ós rud é go ndearnadh an tógáil chun críche úsáide dílse nó go bhfuil fianaise ann i bhfoirm conartha díolacháin/ceannaigh. Áirítear foirgnimh agus déanmhais arna bhfáil chun críoch míleata.</p> <p>Tá luach na bhfoirgneamh agus déanmhais eile cothrom le glanluach na talún fúthu, a áirítear sa chatagóir "talamh" (AN.211) má tá aicmiú ar leithligh air.</p>
Foirgnimh seachas teaghaisí (AN.1121)	<p>Foirgnimh seachas teaghaisí, lena n-áirítear daingneáin, saoráidí agus trealamh ar codanna lárnaacha de na déanmhais ghaolmhara iad agus costais a bhaineann le glanadh agus ullmhú láithreán. Áirítear freisin séadchomharthaí poiblí (féach AN.1122) a aithnítear mar fhoirgnimh neamhchríochnaithe go príomha.</p> <p>Aithnítear séadchomharthaí poiblí toisc go bhfuil tábhacht stairiúil, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil, reiligiúnach nó shiombalach áirithe ag baint leo. Deirtear gur séadchomharthaí poiblí iad toisc go bhfuil teacht ag an bpobal i gcoitinne orthu seachas toisc gur leis an earnáil phoiblí iad. Is minic a ghearrtar táille isteach ar chuariteoirí. Ba cheart idió an chaipitil sheasta ar shéadchomharthaí nua, nó ar mhórfheabhsuithe ar shéadchomharthaí atá ann cheana, a ríomh ar an tuiscint go bhfuil saolré seirbhíse sách fada ag na séadchomharthaí.</p> <p>Ar shamplaí eile d'fhoirgnimh seachas teaghaisí tá foirgnimh stórais agus tionsclaíochta, foirgnimh tráchtála, foirgnimh siamsaíochta poiblí, óstáin, bialanna, foirgnimh oideachais, foirgnimh sláinte.</p>

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Déanmhais eile (AN.1122)	<p>Déanmhais seachas déanmhais chónaitheacha, lena n-áirítear costais a bhaineann le sráideanna, séaraigh agus glanadh agus ullmhú láithreán. Áirítear freisin séadchomharthaí poiblí nach bhfuil aicmithe mar theaghaisí nó mar fhoirgnimh seachas teaghaisí; sloic, tolláin agus déanmhais eile a bhaineann le mianadóireacht cúltaisc mianraí agus fuinnimh; agus tógáil ballaí mara, cladán agus bacainní tuile, atá ceaptha chun talamh atá cóngarach dóibh ach nach bhfuil ina cuid dhílis díobh a fheabhsú.</p> <p>Ar shamplaí tá mótarbhealaí, sráideanna, bóithre, iarnróid agus rúidbhealaí aerpháirceanna; droichid, mótarbhealaí ardaithe, tolláin agus íosbhealaí; uiscebhealaí, calafoirt, dambaí agus oibreacha uisce eile; píblínte fad-achair, línte cumarsáide agus cumhachta; píblínte agus cáblaí áitiúla, oibreacha coimhdeacha; déanmhais mianadóireachta agus monaríochta; agus déanmhais spóirt agus caitheamh aimsire.</p>
Feabhsuithe talún (AN.1123)	<p>Luach na ngníomhaíochtaí as a dtagann feabhsuithe móra ar chainníocht, cáilíocht nó táirgiúlacht talún, nó a choisceann meath ar chainníocht, ar cháilíocht nó ar tháirgiúlacht na talún.</p> <p>Ar shamplaí tá méadú ar luach sócmhainne a thagann as glanadh talún, comhrianú talún agus cruthú toibreacha agus poll uisce.</p> <p>Áirítear freisin na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta talún nach bhfuil díscríofa cheana.</p>
Innealra agus trealamh (AN.113)	<p>Trealamh iompair, trealamh ICT (teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide) agus innealra agus trealamh eile, mar atá sainmhínithe thíos, seachas an trealamh sin a fhaigheann teaghlaigh i gcomhair tomhaltais chríochnaithigh.</p> <p>Is féidir uirlisí nach bhfuil mórán costais ag baint leo agus a cheannaítear ag ráta measartha seasta, amhail uirlisí láimhe, a eisiáimh. Déantar innealra agus trealamh atá ina gcuid dhílis d'fhoirgnimh a eisiáimh freisin: áirítear iad sin i measc teaghaisí agus foirgneamh neamhchónaithe.</p> <p>Eisiatar innealra agus trealamh neamhchríochnaithe, ach amháin i gcás ina dtáirgtear iad chun críche úsáide dílse, mar nach meastar go nglacann an t-úsáideoir deiridh úinéireacht ina leith ach ar sheachadadh na sócmhainne. Áirítear innealra agus trealamh seachas córais armán arna bhfáil chun críoch míleata.</p> <p>Ní dhéantar innealra agus trealamh amhail feithiclí, troscáin, trealamh cistine, ríomhairí, trealamh cumarsáide, etc, arna bhfáil ag teaghlaigh i gcomhair tomhaltais chríochnaithigh, a láimhseáil mar shócmhainn. Ina ionad sin, áirítear iad san ítim le meabhrú "earraí marthanacha tomhaltais" sa chlár comhardaithe do theaghlaigh. Áirítear i dteaghaisí tithe bád, báirsí, tithe soghluaiste agus carbháin arna n-úsáid ag teaghlaigh mar phríomháiteanna cónaithe.</p>
Trealamh iompair (AN.1131)	<p>Trealamh chun daoine agus rudaí a bhogadh. Ar shamplaí díobh tá táirgí seachas comhpháirteanna a áirítear in Aicmiú ar Tháirgí de réir Gníomhaíochta 2008 (CPA 2008), rannán 29: mótarfeithiclí, leantóirí agus leathleantóirí, agus rannán 30: trealamh eile iompair.</p>
Trealamh ICT (AN.1132)	<p>Trealamh ICT (teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide): gléasanna a úsáideann rialtáin leictreonacha agus na comhpháirteanna leictreonacha a úsáidtear sna gléasanna. Ar shamplaí díobh tá na táirgí i ngrúpa 261 de CPA 2008: trealamh agus boird leictreonacha, agus i ngrúpa 262: ríomhairí agus trealamh forimeallach.</p>
Innealra agus trealamh eile (AN.1139)	<p>Innealra agus trealamh nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile. Ar shamplaí díobh tá táirgí seachas comhpháirteanna, seirbhísí suiteála, deisiúcháin agus cothabhála a áirítear i rannán 26 de CPA 2008: táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla (seachas grúpaí 261 agus 262), i rannán 27: trealamh leictreach, i rannán 28: innealra agus trealamh g.a.e., i rannán 31: troscáin, agus i rannán 32: earraí monaraithe eile.</p>
Córais armán (AN.114)	<p>Feithiclí agus trealamh eile amhail longa cogaidh, fomhuireáin, aerárthaí míleata, umair, iompróirí agus teilgeoirí diuracán, etc. Déantar formhór na n-arm aonúsáide a sheachadann siad a thaifeadadh mar fhardaíl mhíleata (féach AN.124) ach maidir leis na cinn eile (amhail diuracáin bhalaistíochta a bhfuil acmhainn mhór díobhála iontu) a mheastar a bheith ina ndíspreagadh leantach ar fhóbarthaigh déantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní seasta.</p>

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Acmhainní bitheolaíoch saothraithe (AN.115)	Beostoc pórúcháin, déiríochta, tarraingthe, etc. agus fíonghoirt, úllóird agus fáschoillte eile a mbíonn táirgí athuair mar thoradh orthu agus atá faoi rialú díreach, faoi fhreagracht dhíreach agus faoi bhainistíocht dhíreach aonad institiúideach, mar atá sainmhínte thíos. Eisiatar sócmhainní saothraithe neamhaibí ach amháin i gcás ina dtáirgtear iad chun críche úsáide dílse.
Acmhainní ainmhithe a mbíonn táirgí athuair mar thoradh orthu (AN.1151)	Ainmhithe a bhfuil a bhfás nádúrtha agus a n-athghiniúint faoi rialú díreach, faoi fhreagracht dhíreach agus faoi bhainistíocht dhíreach aonad institiúideach. Áirítear orthu stoic phórúcháin (iasc agus éanlaith chlóis san áireamh), eallach déiríochta, ainmhithe tarraingthe, caoirigh nó ainmhithe eile arna saothrú chun olann a tháirgeadh agus ainmhithe arna n-úsáid i gcomhair iompair, rásaíochta nó siamsaíochta.
Acmhainní crainn, bairr agus planda a mbíonn táirgí athuair mar thoradh orthu (AN.1152)	Crainn (fíniúnacha agus toir san áireamh) arna saothrú i gcomhair na dtáirgí a bhíonn mar thoradh orthu bliain i ndiaidh bliana, lena n-áirítear na crainn sin a shaothraítear i gcomhair torthaí agus cnónna, súnna agus roisín agus i gcomhair táirgí de bhunús coirte agus duilleoige, a bhfuil a bhfás nádúrtha agus a n-athghiniúint faoi rialú díreach, faoi fhreagracht dhíreach agus faoi bhainistíocht dhíreach aonad institiúideach.
Táirgí maoine intleachtúla (AN.117)	Sócmhainní seasta arb ionann iad agus torthaí taighde agus forbartha, torthaí taiscéalaíochta agus meastóireachta mianraí, bogearraí ríomhaireachta agus bunachair shonraí, bunábhar siamsaíochta, litríochta nó ealaíne agus táirgí maoine intleachtúla eile, mar atá sainmhínte thíos, agus atá beartaithe a úsáid ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin.
Taighde agus forbairt (AN.1171)	Is éard atá ann luach caiteachais ar obair chruthaitheach a dhéantar ar bhonn córasach chun cur leis an stór eolais, lena n-áirítear eolas ar an duine, ar chultúr agus ar an tsochaí, agus úsáid an stóir eolais sin chun feidhmeanna nua a cheapadh. Cinntear an luach i dtéarmaí na sochar eacnamaíoch a bhfuil súil leo sa todhchaí. Ach amháin más féidir an luach a mheas le réasún, déantar é a luacháil, de réir an ghnáis, mar shuim na gcostas, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann le taighde agus forbairt nár éirigh leo. Ní aicmítear mar shócmhainn taighde agus forbairt nach dtugann sochar don úinéir ach déantar iad a thairgeadh mar thomaltas idirmheánach.
Taiscéalaíocht agus meastóireacht mianraí (AN.1172)	Luach an chaiteachais ar thaiscéalaíocht peitriúil agus gáis nádúrtha agus luach an chaiteachais ar fhosuithe neamhpheitriúil agus ar aon mheastóireacht ina dhiaidh sin ar fhosuithe a aimsíodh. Áirítear ar an gcaiteachas sin costais réamhcheadúnais, costais ceadúnais agus éadála, costais measúnaithe agus costais ar dhruileáil tástála iarbhair agus ar tholladh iarbhair, mar aon le costais aershuirbhéireachta agus suirbhéireachtaí eile, costais iompair, etc., arna dtabhú ionas gur féidir tástálacha a dhéanamh.
Bogearraí ríomhaireachta (AN.11731)	Ríomhchláir, tuairiscí ar ríomhchláir agus ábhair tacaíochta do bhogearraí córas agus do bhogearraí feidhme araon. Áirítear orthu sin forbairt tosaigh bogearraí agus aon leathnú ar bhogearraí ina dhiaidh sin chomh maith le héadálacha cóipeanna atá aicmithe mar shócmhainní AN.11731.
Bunachair sonraí (AN.11732)	Comhaid sonraí atá eagraithe le gur féidir rochtain atá éifeachtach ó thaobh na n-acmhainní de a fháil ar na sonraí agus na sonraí sin a úsáid ar bhealach atá chomh héifeachtach céanna. Maidir le bunachair sonraí a chruthaítear go heisiach chun críche úsáide dílse, déantar an luacháil a mheas trí chostais, agus ba cheart na costais a bhaineann le córas bainistíochta an bhunachair sonraí agus le héadálacha na sonraí sin a eisiáil.
Bunábhar siamsaíochta, litríochta nó ealaíne (AN.1174)	Bunábhar scannán, taifeadtaí fuaimne, lámhscríbhinní, téipeanna, múnlaí, etc., ar a ndéantar léirithe drámaíochta, cláir raidió agus teilifíse, léirithe ceoil, imeachtaí spóirt, saothar litríochta agus ealaíne, etc. a thairgeadh nó a chorprú. Áirítear oibreacha a tháirgtear ar bhonn féinchuntais. I gcásanna áirithe, i gcás scannán mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná bunábhar amháin ann.
Táirgí maoine intleachtúla eile (AN.1179)	Nuafhaisnéis, saineolas, etc., nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile, a bhfuil a n-úsáid chun críoch táirgthe teoranta do na haonaid sin a bhfuil cearta úinéireachta bunaithe acu ina leith nó d'aonaid eile atá ceadúnaithe ag aonaid den sórt sin.

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Fardail (AN.12)	<p>Sócmhainní táirgthe arb ionann iad agus earraí agus seirbhísí a thagann chun cinn sa tréimhse reatha nó i dtréimhse níos luaithe, agus atá á gcoinneáil chun díola, chun úsáide táirgthe nó chun úsáide eile ag tráth níos déanaí. Is éard atá iontu ábhair agus soláthairtí, obair idir lámha, earraí críochnaithe agus earraí le hathdhíol, mar atá sainmhínithe thíos.</p> <p>Áirítear na fardail go léir arna sealbhú ag an rialtas, lena n-áirítear fardail ábhar straitéiseach, grán agus tráchtearraí eile a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo don náisiún, ach níl an chatagóir teoranta dóibh sin amháin.</p>
Ábhair agus soláthairtí (AN.121)	Earraí atá beartaithe ag a n-úinéirí a úsáid mar ionchur idirmheánach ina bpróisis táirgthe féin, nach mbeidh le hathdhíol.
Obair idir lámha (AN.122)	<p>Earraí agus seirbhísí atá páirtchríochnaithe ach nach bhfágтар faoi aonaid eile iad de ghnáth gan próiseáil bhreise a dhéanamh orthu nó nach bhfuil aibí go leor agus a leanfaidh an táirgeoir céanna lena bpróiseas táirgthe ag tréimhse eile ina dhiaidh sin. Eisiatar déanmhais pháirtchríochnaithe a mheastar úinéireacht a bheith glactha ag an úinéir deiridh ina leith, ós rud é go ndearnadh iad a tháirgeadh chun críche úsáide dílse nó go bhfuil fianaise ann i bhfoirm conartha díolacháin/ceannaigh.</p> <p>Is éard atá i gcatagóir AN.122 obair idir lámha ar shócmhainní saothraithe agus obair eile idir lámha, mar atá sainmhínithe thíos.</p>
Obair idir lámha ar shócmhainní bitheolaíoch saothraithe (AN.1221)	Beostoc arna shaothrú i gcomhair táirgí a fhaightear ar an mbeostoc a mharú, amhail éanlaith agus éisc arna shaothrú ar bhonn tráchtála, crainn agus fásraí eile arb é an toradh ar a ndíothú táirgí aonuaire agus sócmhainní saothraithe neamhaibí arb é an toradh orthu táirgí athuaire.
Obair eile idir lámha (AN.1222)	Earraí seachas sócmhainní saothraithe agus seirbhísí atá páirtphróiseáilte, páirtdéanta nó páirtchóimeáilte ag an táirgeoir ach nach ndíoltar, nach seoltar nó nach bhfágтар faoi dhaoine eile iad de ghnáth gan próiseáil bhreise a dhéanamh orthu.
Earraí críochnaithe (AN.123)	Earraí atá réidh le díol nó le seoladh ag an táirgeoir.
Fardail mhíleata (AN.124)	Armlón, diúracáin, roicéid, buamaí agus ítimí míleata aonúsáide eile arna seachadadh ag airm nó ag córais armán. Eisiatar roinnt cineálacha diúracán a bhfuil acmhainn mhór díobhála iontu (féach AN.114).
Earraí le hathdhíol (AN.125)	Earraí arna bhfáil ag gnóthais, amhail mórdhíoltóirí agus miondhíoltóirí, chun iad a athdhíol gan próiseáil bhreise a dhéanamh orthu (is é sin le rá, nach gclaochlaítear iad ach amháin trína gcur i láthair ar bhealaí atá tarraingteach don chustaiméir).
Earraí luachmhara (AN.13)	Sócmhainní táirgthe nach n-úsáidtear go príomha chun críoch táirgthe ná tomhailte, a bhfuil súil go luachmhéadóidh siad nó ar a laghad nach laghdóidh a luach iarbhair, nach dtagann meath orthu le himeacht aimsire faoi ghnáthchoinníollacha agus a fhaightear agus a shealbháitear, go príomha, mar stórtha luacha. Ar earraí luachmhara tá miotail lómhara agus clocha lómhara, seandachtaí agus réada ealaíne eile agus earraí luachmhara eile, mar atá sainmhínithe thíos.
Miotail lómhara agus clocha lómhara (AN.131)	Miotail lómhara agus clocha lómhara nach bhfuil sealbhaithe ag gnóthais le húsáid mar ionchur i bpróisis táirgthe.
Seandachtaí agus réada ealaíne eile (AN.132)	Saothair phéintéireachta, dealbha, etc., atá aitheanta mar shaothair ealaíne agus seandachtaí.
Earraí luachmhara eile (AN.133)	Earraí luachmhara nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile, amhail bailiúcháin agus seodra a bhfuil luach suntasach ag baint leo agus atá déanta as clocha lómhara agus as miotail lómhara.
Sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (AN.2)	Sócmhainní neamhairgeadais a thagann chun cinn ar bhealaí eile seachas trí phróisis táirgthe. Is éard atá i sócmhainní neamhtháirgthe sócmhainní nádúrtha, conarthaí, léasanna agus ceadúnais, agus cáilmheas agus sócmhainní margaiochta, mar atá sainmhínithe thíos.

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Acmhainní nádúrtha (AN.21)	Sócmhainní neamhtháirgthe a tharlaíonn go nádúrtha agus ar féidir úinéireacht a chur i bhfeidhm agus a aistriú maidir leo. Eisiatar sócmhainní comhshaoil nach bhfuil nó nach féidir cearta úinéireachta a chur i bhfeidhm maidir leo, amhail na farraigí agus an t-aer. Tá talamh, cúltaisí mianraí agus fuinnimh, acmhainní bitheolaíocha neamhshaothraithe, acmhainní uisce agus acmhainní nádúrtha eile i gceist, mar atá sainmhínithe thíos.
Talamh (AN.211)	Urlár na talún, lena n-áirítear an clúdach ithreach agus aon uisce dromchla gaolmhara, a gcuirtear cearta úinéireachta i bhfeidhm maidir leo. Eisiatar aon fhoirgnimh nó aon déanmhais eile atá suite air nó a théann tríd; barra, crainn agus ainmhithe saothraithe, sócmhainní fo-ithreach; acmhainní bitheolaíocha neamhshaothraithe agus acmhainní uisce faoi thalamh.
Cúltaisí mianraí agus fuinnimh (AN.212)	Cúltaisí cruthaithe fosuithe mianraí atá suite ar dhromchla na cruinne nó faoi agus atá insaothraithe ó thaobh an gheilleagair de, i bhfianaise teicneolaíochta reatha agus praghsanna coibhneasta. Déantar deighilt de ghnáth idir na cearta úinéireachta ar shócmhainní fo-ithreach agus na cearta úinéireachta ar an talamh féin. Tá cúltaisí aitheanta guail, ola, gáis nó breoslaí eile, mianta miotalacha agus mianraí neamh-mhiotalacha i gceist i gcatagóir AN.212.
Acmhainní bitheolaíocha neamhshaothraithe (AN.213)	Acmhainní ainmhithe, crainn, bairr agus planda a mbíonn táirgí aonuaire agus táirgí athuaire mar thoradh orthu agus ar féidir cearta úinéireachta a chur i bhfeidhm maidir leo ach nach bhfuil a bhfás nádúrtha agus/nó a n-athghiniúint faoi rialú díreach, faoi fhreagracht dhíreach ná faoi bhainistíocht dhíreach aonad institiúideach. Ar shamplaí díobh tá foraoisí nár réitíodh riamh agus iascaigh laistigh de chríoch na tíre. Níor cheart a áireamh ach na hacmhainní sin atá insaothraithe faoi láthair, nó gur dócháil go mbeidh siad go luath, chun críoch eacnamaíoch.
Acmhainní uisce (AN.214)	Uiscígh agus acmhainní screamhuisce eile a mhéad a bhíonn mar thoradh ar a dtearcamas go gcuirtear cearta úinéireachta agus/nó cearta úsáide, luacháil ar an margadh agus beart éigin rialaithe eacnamaíoch i bhfeidhm.
Acmhainní nádúrtha eile (AN.215)	Cumhdaítear anseo an speictream raidió leictreamaighnéadach (AN.2151) agus acmhainní nádúrtha eile (AN.2159) nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile.
Speictrim raidió (AN.2151)	An speictream leictreamaighnéadach. Aicmítear na léasanna nó na ceadúnais chun an speictream a úsáid faoi chatagóir eile (AN.222) má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar cad is sócmhainn ann.
Eile (AN.2159)	Acmhainní nádúrtha eile nach bhfuil aicmithe in áit ar bith eile.
Conarthaí, léasanna agus ceadúnais (AN.22)	<p>Comhaontuithe conarthacha chun gníomhaíochtaí a dhéanamh i gcás ina dtugann na comhaontuithe sochair eacnamaíocha don sealbhóir de bhreis ar na táillí iníoctha agus inar féidir leis an sealbhóir na sochair sin a réadú go dlíthiúil agus go praiticiúil.</p> <p>Tá an tsócmhainn a thairgead i gcatagóir AN.22 in ionannas le luach féideartha inréadaithe an ghnóthachain sealúchais nuair atá praghas an mhargaidh ar úsáid sócmhainne nó soláthar seirbhíse níos mó ná an praghas atá i réim sa chonradh, léas nó ceadúnas, nó an praghas a gheobhfaí mura mbeadh conradh, léas ná ceadúnas ann. Tá sócmhainní a d'fhéadfadh teacht as léasanna oibriúcháin indíolta, ceadanna chun acmhainní nádúrtha a úsáid, ceadanna chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh agus teidlíochtaí i leith earraí agus seirbhísí todhchaí ar bhonn eisiach i gceist le conarthaí, léasanna agus ceadanna.</p>
Léasanna oibriúcháin indíolta (AN.221)	<p>Cearta maoinne tríd páirtí a bhaineann le sócmhainní neamhairgeadais seachas acmhainní nádúrtha, i gcás ina dtugann an léas sochair eacnamaíocha don sealbhóir de bhreis ar na táillí iníoctha agus inar féidir leis an sealbhóir na sochair sin a réadú go dlíthiúil agus go praiticiúil trína n-aistriú.</p> <p>Is ionann an tsócmhainn a thairgead i gcatagóir AN.221 agus an luach don sealbhóir maidir leis na cearta a aistriú chun an tsócmhainn bhunúsach a úsáid, i.e., barrachas phraghas an aistrithe atá inréadaithe i gcomparáid leis an tsuim iníoctha le heisitheoir an cheada.</p> <p>Ar shamplaí díobh tá an cás ina bhfuil cíós seasta ag tionónta i bhfoirgneamh ach ina bhfuil ráta margaidh an chíosa níos airde. Más féidir leis an tionónta an difríocht sa phraghas a réadú trí fhóigean, tá na cearta maidir leis an luach a réadú in ionannas le léas oibriúcháin indíolta.</p>

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Ceadanna chun acmhainní nádúrtha a úsáid (AN.222)	<p>Ceadúnais, ceadanna agus léasanna chun acmhainní nádúrtha a úsáid ar feadh tréimhse teoranta nach ndéanann luach eacnamaíoch na sócmhainne a ídiú go hiomlán, i gcás ina dtugann an comhaontú sochair eacnamaíocha don sealbhóir de bhreis ar na táillí iníoctha agus inar féidir leis an sealbhóir na sochair sin a réadú go dlíthiúil agus go praiticiúil, trína n-aistriú mar shampla.</p> <p>Leantar den acmhainn nádúrtha a thairfeadh i gclár comhardaithe an úinéara agus déantar sócmhainn eile, atá in ionannas leis an luach don sealbhóir maidir leis na cearta a aistriú chun an acmhainn a úsáid, a aithint mar chead chun acmhainní nádúrtha a úsáid. Is ionann an tsócmhainn a thairfeadtar agus an luach don sealbhóir maidir leis na cearta úsáide a aistriú, i.e., barrachas phraghas an aistrithe i gcomparáid leis an tsuim iníoctha le heisitheoir an cheada.</p> <p>Ar shamplaí díobh tá an cás ina bhfuil cíos seasta ag tionónta talún ach ina bhfuil ráta margaidh an chíosa níos airde. Más féidir leis an tionónta an difríocht sa phraghas a réadú trí fhóiligeán, ansin tá na cearta maidir leis an luach a réadú in ionannas le sócmhainn.</p>
Ceadanna chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh (AN.223)	<p>Ceadanna inaistrithe, seachas chun acmhainní nádúrtha a úsáid nó chun sócmhainn ar le heisitheoir an cheada í a úsáid, lena gcuirtear teorainn le líon na n-aonad atá i mbun gníomhaíochta agus lenar féidir leis na sealbhóirí brabúis nach mór brabúis mhonaplachta iad a thuilleamh.</p> <p>Is ionann an tsócmhainn a thairfeadtar agus an luach don sealbhóir maidir leis na cearta úsáide a aistriú, i.e., barrachas phraghas an aistrithe i gcomparáid leis an tsuim iníoctha le heisitheoir an cheada. Ní mór do shealbhóir an cheada a bheith in ann, go dlíthiúil agus go praiticiúil, cearta an cheada a aistriú go tríú páirtí.</p>
Teidlíocht i leith earraí agus seirbhísí todhchaí ar bhonn eisiach (AN.224)	<p>Ceartha inaistrithe conarthacha ar úsáid eisiach earraí nó seirbhísí.</p> <p>Tá conradh ag páirtí amháin chun earraí nó seirbhísí a cheannach ag praghas seasta ó dhara páirtí agus tá an chéad pháirtí sin in ann, go dlíthiúil agus go praiticiúil, oibleagáid an dara páirtí a aistriú chuig tríú páirtí.</p> <p>Ar shamplaí díobh tá luach inaistrithe imreora peile atá faoi chonradh ag cumann peile agus luach inaistrithe cearta eisiacha chun saothair liteartha nó ceolchoirmeacha a fhoilsiú.</p> <p>Is ionann an tsócmhainn a thairfeadtar in AN.224 agus an luach don sealbhóir maidir leis an teidlíocht a aistriú.</p>
Ceannacháin lúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margaíochta (AN.23)	<p>An difríocht idir an luach arna íoc ar aonad institiúideach mar chúram leantach agus suim a shócmhainní, lúide suim a dhliteanais, i gcás gach ítim atá aitheanta agus luacháilte ar leithligh. Áirítear i luach an cháilmheasa, dá bhrí sin, aon rud atá ina shochar fadtéarmach agus nach bhfuil aitheanta ar leithligh mar shócmhainn, mar aon le luach an fhíoraís go n-úsáidtear an grúpa sócmhainní go comhpháirteach agus nach bailiúchán de shócmhainní indeighilte atá ann. Áirítear freisin i gcatagóir AN.23 sócmhainní aitheanta margaíochta, amhail ainmneacha branda, barrtheidil, trádmarcanna, lógónna agus ainmneacha fearainn, nuair a dhíoltar iad ina n-aonar agus ar leithligh ó chomparáid ina hiomláine.</p>
Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais (AF)	<p>Is éard is sócmhainní airgeadais ann sócmhainní eacnamaíocha lena n-áirítear éilimh airgeadais, cothromas agus an chuid sin d'ór airgeadaíochta arb órbhuilleán í. Is ionann sócmhainní airgeadais agus stórtha luacha atá in ionannas leis na sochair a fhabhraíonn ar an úinéir eacnamaíoch trí na stórtha sin a shealbhú nó a úsáid thar thréimhse ama. Bealach le luachanna a thabhairt ar aghaidh ó thréimhse chuntasaíochta amháin go thréimhse chuntasaíochta eile atá ann. Déantar sochair nó sraith sochar a mhalartú trí bhithin íocaíochta.</p> <p>Is éard atá san íocaíocht ór airgeadaíochta, cearta tarraingthe speisialta, airgeadra agus taiscí inaistrithe.</p> <p>Is ionann éilimh airgeadais, ar a dtugtar ionstraimí airgeadais freisin, agus sócmhainní airgeadais a bhfuil dliteanais chomhfhreagracha acu.</p> <p>Bunaítear dliteanais nuair atá ar fhéichiúnaithe íocaíochtaí nó sraith íocaíochtaí a thabhairt do chreidiúnaithe.</p>

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Ór airgeadaíochta agus CTSanna (AF.1)	Tá dlíteanais chontrapháirte sa chóras agus freagraíonn siad do na sócmhainní airgeadais a aicmítear sa chatagóir seo, seachas an chuid sin d'ór airgeadaíochta arb órbhuilleán í.
Ór airgeadaíochta (AF.11)	Ór a bhfuil teideal ag údaráis airgeadaíochta air nó a bhfuil teideal ag údaráis eile air agus atá faoi réir rialú éifeachtach na n-údarás airgeadaíochta, agus atá sealbhaithe mar shócmhainn chúlchiste. Áirítear ann órbhuilleán (lena n-áirítear ór airgeadaíochta arna shealbhú i gcuntais leithdháilte óir) agus cuntais neamh-leithdháilte óir le neamhchónaithigh lena mbaineann cearta chun seachadadh óir a éileamh.
Cearta tarraingthe speisialta (CTSanna) (AF.12)	Sócmhainní cúlchiste idirnáisiúnta arna gcruthú ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus arna leithdháileadh ar a chomhaltaí chun na sócmhainní cúlchiste atá ann cheana a fhorlónadh.
Airgeadra agus taiscí (AF.2)	Airgeadra atá i gcúrsaíocht agus taiscí, in airgeadra náisiúnta agus in airgeadra eachtrach.
Airgeadra (AF.21)	Is éard is airgeadra ann, nótaí agus monaí a eisíonn nó a údaraíonn údaráis airgeadaíochta.
Taiscí inaistrithe (AF.22)	Taiscí is féidir a mhalartú ar airgeadra ar éileamh ar par agus is féidir a úsáid go díreach chun íocaíochtaí a dhéanamh le seic, dréacht, ordú gioró, dochar díreach/creidmheas, nó le háis íocaíochta díri eile, gan srianta agus gan pionós ar bith ag gabháil leo.
Suíomhanna idirbhainc (AF.221)	Taiscí is inaistrithe idir bhainc.
Taiscí inaistrithe eile (AF.229)	Taiscí inaistrithe seachas suíomhanna idirbhainc.
Taiscí eile (AF.29)	Is taiscí seachas taiscí inaistrithe iad taiscí eile. Ní féidir taiscí eile a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh ach amháin tráth a n-aibíochta nó tar éis tréimhse fógartha chomhaontaithe, agus níl siad inmhalartaithe i gcomhair airgeadra nó taiscí inaistrithe gan srian nó pionós suntasach éigin.
Urrúis fiachais (AF.3)	Ionstraimí airgeadais soshannta atá ina bhfianaise ar fhíach. Tagraíonn "soshannta" don fhiric go bhfuil an úinéireacht dhlíthiúil inaistrithe go héasca ó úinéir amháin go húinéir eile trí sheachadadh nó trí fhorhuiniú. Le bheith cáilithe mar ionstraim shoshannta, ní mór urrúis fiachais a bheith ceaptha le go bhféadfadh é a thrádáil ar mhalartán eagraithe nó ar mhargadh thar an gcuntar, ach ní gá a léiriú go bhfuil trádáil iarbhír ann.
Urrúis fiachais ghearrthéarmacha (AF.31)	Urrúis fiachais arb aon bhliain amháin nó níos lú a n-aibíocht bhunaidh agus urrúis fiachais atá inaisíochta ar éileamh ón gcreidiúnaí.
Urrúis fiachais fhadtéarmacha (AF.32)	Urrúis fiachais ar de bhreis ar aon bhliain amháin a n-aibíocht bhunaidh nó urrúis fiachais nach bhfuil aon aibíocht luaite leo.
Iasachtaí (AF.4)	Sócmhainní airgeadais arna gcruthú nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe, cibé acu go díreach nó trí bhróicéirí, atá fianaithe le doiciméid dhoshannta nó nach bhfuil fianaithe le doiciméid.
Iasachtaí gearrthéarmacha (AF.41)	Iasachtaí le haibíocht bhunaidh d'aon bhliain amháin nó níos lú agus iasachtaí atá inaisíochta ar éileamh ón gcreidiúnaí.
Iasachtaí fadtéarmacha (AF.42)	Iasachtaí le haibíocht bhunaidh de bhreis ar aon bhliain amháin nó iasachtaí nach bhfuil aon aibíocht luaite leo.
Cothroimas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta (AF.5)	Sócmhainní airgeadais atá in ionannas le cearta maoine ar chorparáidí nó ar shamhailchorparáidí. Tugann sócmhainní airgeadais den sórt sin teideal dá sealbhóirí, de ghnáth, sciar i mbrabúis na gcorparáidí nó na samhailchorparáidí a bheith acu agus sciar ina nglansócmhainní a bheith acu i gcás leachtaithe.
Cothroimas (AF.51)	Sócmhainní airgeadais a aithníonn éilimh ar luach iarmharach corparáide nó samhailchorparáide, tar éis éilimh na gcreidiúnaithe go léir a ghlanadh.

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Scaireanna liostaithe (AF.511)	Urrúis chothromais a liostaítear ar mhalartán. Is féidir gurb é atá i gceist sa mhalartán sin stocmhalartán aitheanta nó aon chineál margaidh thánaistigh eile. Tugtar scaireanna luaite ar scaireanna liostaithe freisin. Is ionann praghsanna luaite a bheith ann ar scaireanna atá liostaithe ar mhalartán agus a rá go bhfuil praghsanna reatha an mhargaidh ar fáil go réidh de ghnáth.
Scaireanna neamhliostaithe (AF.512)	Urrúis chothromais le praghsanna nach bhfuil liostaithe ar stocmhalartán aitheanta nó ar mhargadh tánaisteach de chineál eile.
Cothromas eile (AF.519)	Gach cineál cothromais seachas na cothromais sin atá aicmithe i bhfochatagóir AF.511 agus i bhfochatagóir AF.512.
Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta (AF.52)	Scaireanna, i gcás struchtúr corparáideach a úsáid, nó aonaid, i gcás struchtúr iontaobhais a úsáid. Úsáideann cistí infheistíochta iad, ar gnóthais chomhinfeistíochta iad trína gcomhthiomsaíonn infheisteoirí cistí le haghaidh infheistíochta i sócmhainní airgeadais agus/nó sócmhainní neamhairgeadais.
Scaireanna/aonaid i gcistí margaidh airgid (AF.521)	Maidir le scaireanna nó aonaid i gcistí margaidh airgid (CMA), eisiúnn cistí margaidh airgid iad atá ina gcistí infheistíochta nach n-infheistíonn ach in urrúis fiachais ghearrthéarmacha amhail billí státchiste, deimhnithe taise agus páipéar tráchtála nó a infheistíonn iontu sin go príomha agus atá ina gcistí infheistíochta a infheistíonn freisin in urrúis fiachais fhadtéarmacha le haibíocht iarmharach ghearrthéarmach. Féadfaidh scaireanna nó aonaid i gcistí margaidh airgid a bheith inaistrithe agus is minic a mheastar gur dlúthionadaithe taiscí iad.
Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta neamh-CMA (AF.522)	Tá scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta, seachas scaireanna nó aonaid CMA, in ionannas le héileamh ar chuid de luach ciste infheistíochta seachas ciste margaidh airgid. Maidir le scaireanna nó aonaid i gcistí infheistíochta seachas scaireanna nó aonaid CMA, eisiúnn cistí infheistíochta iad atá ina gcistí infheistíochta a infheistíonn i réimse sócmhainní lena n-áirítear urrúis fiachais, cothromas, infheistíochtaí a bhaineann le tráchtarraí, eastát réadach, scaireanna i gcistí infheistíochta eile agus sócmhainní struchtúrtha.
Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe (AF.6)	Sócmhainní airgeadais sealbhóirí polasaithe nó tairbhíthe agus dliteanais árachóirí, cistí pinsin, nó eisitheoirí ráthaíochtaí caighdeánaithe.
Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil (AF.61)	Sócmhainní airgeadais atá in ionannas le héilimh sealbhóirí polasaithe in aghaidh cuideachtaí árachais neamhshaoil i bhfoirm préimheanna neamhthuillte arna n-íoc agus éileamh tabhaithe.
Teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta (AF.62)	Sócmhainní airgeadais atá in ionannas le héilimh sealbhóirí polasaithe agus blianachta in aghaidh cúlchistí teicniúla corparáidí a sholáthraíonn árachas saoil.
Teidlíochtaí pinsean (AF.63)	Sócmhainní airgeadais atá ag idir phinsinéirí atá ann cheana agus phinsinéirí todhchaí in aghaidh a mbainisteoir cistí pinsin, i.e. a bhfostóir(í), scéim arna ceapadh ag na fostóirí chun cistí pinsin a íoc mar chuid de chomhaontú cúitimh idir an fostóir agus an fostaí nó árachóir saoil (nó neamhshaoil).
Éilimh chistí pinsin ar bhainisteoirí cistí pinsin (AF.64)	Sócmhainní airgeadais atá in ionannas le héilimh chistí pinsin ar a mbainisteoir cistí pinsin i gcás aon easnaimh, agus sócmhainní airgeadais atá in ionannas le héilimh an bhainisteora cistí pinsin ar chistí pinsin i gcás aon bharrachais, e.g. i gcás ina bhfuil an t-ioncam ó infheistíocht níos mó ná an méadú ar theidlíochtaí agus inar féidir an difríocht a íoc leis an mbainisteoir cistí pinsin.
Teidlíochtaí sochar neamhphinsean (AF.65)	Barrachas na nglan-ranníocaíochtaí i gcomparáid le sochair mar mhéadú ar dhliteanas na scéime árachais i leith na dtairbhíthe.
Soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe (AF.66)	Sócmhainní airgeadais atá ag sealbhóirí ráthaíochtaí caighdeánaithe in aghaidh corparáidí a sholáthraíonn ráthaíochtaí caighdeánaithe.
Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe (AF.7)	Sócmhainní airgeadais nasctha le sócmhainn airgeadais, sócmhainn neamhairgeadais nó innéacs, trínar féidir rioscaí sonracha airgeadais a thrádáil ar mhargaí airgeadais ar leithligh.

Aicmiú sócmhainní	Achoimre
Díorthaigh airgeadais (AF.71)	<p>Sócmhainní airgeadais amhail roghanna, réamhchonarthaí agus díorthaigh chreidmheasa.</p> <p>Is éard is roghanna (AF.711) ann, idir roghanna intrádála agus roghanna thar an gcontar (OTC) conarthaí lena dtugtar an ceart, seachas an oibleagáid, do shealbhóir na rogha sócmhainn airgeadais nó neamhairgeadais (an ionstraim bhunúsach) a cheannach (céadrogha ar cheannach) ó eisitheoir na rogha (an geallaí rogha) nó a dhíol (céadrogha ar dhíol) leis, ar phraghas réamhdhearbhaithe (an praghas ceangail) laistigh de thréimhse áirithe ama (rogha Mheiriceánach) nó ar dháta áirithe (rogha Eorpach). Forbraíodh cuid mhór comhstraitéisí bunaithe ar na bunstraitéisí sin, amhail béar-raonta céadroghanna ar cheannach is ar dhíol, bulla-raonta céadroghanna ar cheannach is ar dhíol nó teaglam de bhulla-raonta is de bhéar-raonta céadroghanna. Díorthaíodh roghanna coimhthíocha le struchtúir choimpléascacha íocaíochta ó na cineálacha roghanna sin.</p> <p>Is éard atá i réamhchonarthaí (AF.712) conarthaí neamhchoinníollacha airgeadais faoina gcomhaontaíonn dhá chontrapháirtí méid áirithe de shócmhainn bhunúsach (airgeadais nó neamhairgeadais) a mhaltú ag praghas comhaontaithe an chonartha (an praghas ceangail) ar dháta sonraithe.</p> <p>Tá díorthaigh chreidmheasa i bhfoirm conarthaí de chineál réamhchonarthaí agus conarthaí de chineál céadrogha a bhfuil mar phríomhaidhm leo riosca creidmheasa a thrádáil. Ceapadh iad chun trádáil a dhéanamh i riosca mainneachtana iasachta agus urrúis. Cosúil le díorthaigh airgeadais eile is minic a dhéantar iad a tharraingt suas faoi mháistir-chomhaontuithe dlíthiúla caighdeánacha agus bíonn baint acu le nósanna imeachta comhthaobhacha agus éarlaise, a fhágann gur féidir luacháil ar an margadh a dhéanamh. Déantar rioscaí creidmheasa a aistriú idir díoltóir an riosca (glacadóir an urrúis) agus ceannaitheoir an riosca (díoltóir an urrúis) bunaithe ar phrémh. I gcás mainneachtana creidmheasa, íocann ceannaitheoir an riosca airgead tirim le díoltóir an riosca.</p>
Scair-roghanna fostaithe (AF.72)	<p>Sócmhainní airgeadais i bhfoirm comhaontuithe arna ndéanamh ar dháta áirithe (dáta an “deonaithe”) faoinar féidir le fostaí líon áirithe scaireanna de stoc an fhostóra a cheannach ag praghas luaite (an praghas “ceangail”) ag am sonraithe (dáta an “dílsithe”) nó laistigh de thréimhse (tréimhse an “fheidhmíthe”) díreach tar éis dháta an dílsithe.</p>
Cuntais eile infhála/iníochta (AF.8)	<p>Sócmhainní airgeadais arna gcruithú mar chontrapháirt idirbheart airgeadais nó idirbheart neamhairgeadais i gcásanna ina bhfuil dífríocht uainiúcháin idir an t-idirbheart sin agus an íocaíocht chomhfhreagrach.</p>
Creidmheasanna trádála agus airleacain (AF.81)	<p>Sócmhainní airgeadais a thagann chun cinn nuair a thugann soláthraithe earraí agus seirbhísí creidmheas díreach dá gcustaiméirí agus nuair a thugtar airleacain ar obair idir lámha nó ar obair atá le déanamh go fóill i bhfoirm réamhíocaíochta ag custaiméirí d'earraí agus seirbhísí nach bhfuair siad go fóill.</p>
Cuntais eile infhála/iníochta, gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh (AF.89)	<p>Sócmhainní airgeadais a thagann chun cinn ó dhifríochtaí uainiúcháin idir idirbhearta dáileacháin nó idirbhearta airgeadais ar an margadh tánaisteach agus an íocaíocht chomhfhreagrach.</p>
Ítimí le meabhrú	<p>Tá trí ítimí le meabhrú sa chóras a thaispeánann sócmhainní nach bhfuil sainaitheanta ar leithligh sa chreat lárnach agus a bhfuil spéis anailíseach níos sainfheidhmí ag baint leo.</p>
Earraí marthanacha tomhaltais (AN.m)	<p>Earraí marthanacha arna bhfáil mar éadail ag teaghlach i gcomhair tomhaltais chríochnaithigh (i.e. ítimí nach bhfuil in úsáid ag teaghlach mar stórtha luacha nó ag gnóthais neamhchorpraithe atá faoi úinéireacht teaghlach chun críoch táirgthe).</p>
Infheistíocht dhíreach eachtrach (AF.m1)	<p>Tá baint ag infheistíocht dhíreach eachtrach le gaolmhaireacht fhadtéarmach a léiríonn leas buan ag aonad institiúideach cónaitheach de chuid geilleagair amháin (an “t-infheisteoir díreach”) in aonad institiúideach cónaitheach de chuid geilleagair eile. Is é cuspóir an infheisteora dhíreach méid sumtasach tionchair a bheith aige ar bhainistíocht an aonaid a bhfuil infheistíocht déanta aige ann.</p>
Iasachtaí neamhthuillmheacha (AF.m2)	<p>Iasacht neamhthuillmheach atá in iasacht nuair atá íocaíochtaí úis nó íocaíochtaí i leith na príomhshuime 90 lá thar téarma ar a laghad nó nuair a rinneadh ús atá iníochta le 90 lá nó níos mó a chaipitliú, a athmhaoiniú nó a mhoilliú trí chomhaontú, nó nuair atá íocaíochtaí níos lú ná 90 lá thar téarma, ach go bhfuil údar amhras ann nach n-íocfar iad go hiomlán (achainí á dhéanamh ar fhéimheacht ag féichiúnaí mar shampla).</p>

IARSCRÍBHINN 7.2

SEICHEAMH ÓN gCLÁR COMHARDAITHE TOSAIGH GO DTÍ AN CLÁR COMHARDAITHE DEIRIDH

In Iarscríbhinn 7.2 taispeántar seicheamh ón gclár comhardaithe tosaigh go dtí an clár comhardaithe deiridh ina léirítear mionsonraí gach catagóra sócmhainne maidir leis na bealaí éagsúla a n-athraíonn luach an chláir chomhardaithe: trí idirbhearta nó athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus gnóthachain agus cailteanais sealúchais.

Aicmiú sócmhainní, dliteanas agus glanfhíúchais	IV.1 Clár comhardaithe tosaigh	III.1 agus III.2 Idirbhearta	III.3.1 Athruithe eile ar an méid	III.3.2 Gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais		IV.3 Clár comhardaithe deiridh
				III.3.2.1 Gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais	III.3.2.2 Gnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais	
Sócmhainní neamhairgeadais	AN	P.5, NP	K.1, K.2, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN
Sócmhainní táirgthe neamhairgeadais	AN.1	P.5	K.1, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.1
Sócmhainní seasta ⁽¹⁾	AN.11	P.51g, P.51c	K.1, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.11
Teaghaisí	AN.111	P.51g, P.51c	K.1, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.111
Foirgnimh agus déanmhais eile	AN.112	P.51g, P.51c	K.1, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.112
Innealra agus trealamh	AN.113	P.51g, P.51c	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.113
Córais armán	AN.114	P.51g, P.51c	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.114
Acmhainní bitheolaíocha saothraithe	AN.115	P.51g, P.51c	K.1, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.115
Táirgí maoinne intleachtúla	AN.117	P.51g, P.51c	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.117
Fardail de réir cineáil fardail	AN.12	P.52	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.12
Earraí luachmhara	AN.13	P.53	K.1, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.13
Sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais	AN.2	NP	K.1, K.21, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.2
Acmhainní nádúrtha	AN.21	NP.1	K.1, K.21, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.21
Talamh	AN.211	NP.1	K.1, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.211
Cúltaisí mianraí agus fuinnimh	AN.212	NP.1	K.1, K.21, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.212

Aicmiú sócmhainní, dliteanas agus glanfhíúchais	IV.1 Clár comhardaithe tosaigh	III.1 agus III.2 Idirbhearta	III.3.1 Athruithe eile ar an méid	III.3.2 Gnóthachain sealúchais agus cailteanais sealúchais		IV.3 Clár comhardaithe deiridh
				III.3.2.1 Gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais	III.3.2.2 Gnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais	
Acmhainní bitheolaíoch neamhshaothraithe	AN.213	NP.1	K.1, K.21, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.213
Acmhainní uisce	AN.214	NP.1	K.1, K.21, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.214
Acmhainní nádúrtha eile	AN.215	NP.1	K.1, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.215
Speictrim raidió	AN.2151	NP.1	K.1, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.2151
Eile	AN.2159	NP.1	K.1, K.21, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.2159
Conarthaí, léasanna agus ceadúnais	AN.22	NP.2	K.1, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.22
Ceannacháin líúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margaíochta	AN.23	NP.3	K.1, K.22, K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AN.23
Sócmhainní airgeadais/dlíteanais airgeadais ⁽¹⁾	AF	F	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF
Ór airgeadaíochta agus CTSanna	AF.1	F.1	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF.1
Airgeadra agus taiscí	AF.2	F.2	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF.2
Urrúis fiachais	AF.3	F.3	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF.3
Iasachtaí	AF.4	F.4	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF.4
Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta	AF.5	F.5	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF.5
Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe	AF.6	F.6	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF.6
Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe	AF.7	F.7	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF.7
Cuntais eile infhála/ infíochta	AF.8	F.8	K.3, K.4, K.5, K.61, K.62	K.71	K.72	AF.8
Glanfhíúchas	B.90	B.101	B.102	B.1031	B.1032	B.90

(1) Ítim le meabhrú: AN.m: Earraí marthanacha tomhaltais.

(2) Ítimí le meabhrú: AF.m1: Infheistíocht dhíreach eachtrach; AF.m2: Iasachtaí neamhthuillmheacha.

Ítimí comhardaithe

B.10	Athruithe ar ghlanfhiúchas
B.101	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil
B.102	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní
B.103	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain ainmniúla agus ar chaillteanais ainmniúla sealúchais
B.1031	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain neodracha agus ar chaillteanais neodracha sealúchais
B.1032	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain réadacha agus ar chaillteanais réadacha sealúchais
B.90	Glanfhiúchas

Idirbhearta sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

F	Idirbhearta sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais
F.1	Ór airgeadaíochta agus CTSanna
F.2	Airgeadra agus taiscí
F.3	Urrúis fiachais
F.4	Iasachtaí
F.5	Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta
F.6	Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe
F.7	Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe
F.8	Cuntais eile infhála/iníochta

Idirbhearta earraí agus seirbhísí

P.5	Ollfhoirmiú caipitil
P.51g	Ollfhoirmiú caipitil sheasta
P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta (-)
P.511	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní seasta
P.5111	Éadálacha sócmhainní seasta nua
P.5112	Éadálacha sócmhainní seasta atá ann cheana
P.5113	Diúscairtí sócmhainní seasta atá ann cheana
P.512	Costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe
P.52	Athruithe ar fhardail
P.53	Éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara

Iontrálacha carntha eile

NP	Éadálacha líude diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe
NP.1	Éadálacha líude diúscairtí acmhainní nádúrtha
NP.2	Éadálacha líude diúscairtí conarthaí, léasanna agus ceadúnas
NP.3	Ceannacháin líude díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margaíochta
K.1	Taispeánadh eacnamaíoch sócmhainní
K.2	Imeacht eacnamaíoch sócmhainní neamhtháirgthe
K.21	Ídiú acmhainní nádúrtha
K.22	Imeacht eacnamaíoch eile sócmhainní neamhtháirgthe
K.3	Cailteanais i ngeall ar thubaistí
K.4	Urghabhálacha neamhchúitithe
K.5	Athruithe eile ar an méid g.a.e.
K.6	Athruithe ar aicmiú
K.61	Athruithe ar aicmiú earnála agus ar struchtúr
K.62	Athruithe ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas
K.7	Gnóthachain ainmniúla agus cailteanais ainmniúla sealúchais
K.71	Gnóthachain neodracha agus cailteanais neodracha sealúchais
K.72	Gnóthachain réadacha agus cailteanais réadacha sealúchais

CAIBIDIL 8

SEICHEAMH NA gCUNTAS

RÉAMHRÁ

8.01 Leagtar amach sa Chaibidil seo mionsonraí na gcuntas agus na gclár comhardaithe i seicheamh cuntas na gcuntas náisiúnta. Leagtar amach ann freisin idirghníomhaíochtaí an gheilleagair intíre leis an gcuid eile den domhan sa seicheamh céanna. Tá tuairisc ar an gcuntas earraí agus seirbhísí freisin, ag léiriú an chomhionannais chunta-saíochta atá mar bhonn le soláthar agus úsáid earraí agus seirbhísí. Sa deireadh thiar, léirítear ann sraith chomhtháite na gcuntas eacnamaíoch mar a dtaispeántar gach earnáil sa chuntas céanna le hiontrálacha cuntais i bhfoirm chomhiomlánaithe.

Seicheamh na gcuntas

8.02 Déantar taifeadadh i CCE ar shreafaí agus ar stoic i sraith ordaithe cuntas a thugann tuairisc ar an timhriall eacnamaíoch a thosaíonn le táirgeadh agus giniúint ioncam, go dtí dáileadh agus athdháileadh ioncain, agus úsáid ioncain le haghaidh tomhaltais chríochnaithigh. Ansin déantar taifead i CCE ar an úsáid a bhaintear as a bhfuil fágtha i bhfoirm choigilte chun foráil a dhéanamh maidir le carnadh sócmhainní, idir shócmhainní neamhairgeadais agus sócmhainní airgeadais.

8.03 Léiríonn gach cuntas acmhainní agus úsáidí, agus déantar iad a chomhardú trí ítim chomhardaithe a thabhairt isteach, ar thaobh na n-úsáidí den chuntas de ghnáth. Tugtar an ítim chomhardaithe ar aghaidh chuig an gcéad chuntas eile mar an chéad iontráil ar thaobh na n-acmhainní.

Soláthraíonn an taifeadadh struchtúrtha idirbheart i gcomhréir le hanailís loighciúil ar an saol eacnamaíoch na comhiomláin is gá chun earnáil nó fo-earnáil institiúideach, nó an geilleagar iomlán a scrúdú. Ceapadh miondealú na gcuntas chun an fhaisnéis eacnamaíoch is tábhachtaí a nochtadh, agus buneilimint den fhaisnéis arna nochtadh is ea an ítim chomhardaithe.

8.04 Tá na cuntais roinnte i dtrí chatagóir:

- (a) cumhdaíonn na cuntais reatha táirgeadh ioncain agus an ghiniúint, an dáileadh agus an t-athdháileadh ioncain a bhaineann leis agus úsáid an ioncain i bhfoirm tomhaltais chríochnaithigh. Déantar an t-ioncam nach n-úsáidtear go díreach le haghaidh tomhaltais chríochnaithigh a nochtadh san ítim chomhardaithe, “coigilt”, ítim a thugtar ar aghaidh chuig na cuntais charntha mar an chéad iontráil ar thaobh na n-acmhainní den chuntas caipitil;
- (b) déanann na cuntais charntha anailís ar athruithe ar shócmhainní agus ar dhliteanas na n-aonad agus ceadaíonn siad an t-athrú ar ghlanfhiúchas (an dífríocht idir sócmhainní agus dliteanas) a thairgeadh;
- (c) taispeánann na cláir chomhardaithe iomlán na sócmhainní agus na ndliteanas ag tús agus ag deireadh na tréimhse cuntasaiochta, mar aon lena nglanfhiúchas. Feictear na sreafaí a bhaineann le gach ítim shócmhainne agus gach ítim dhliteanas arna dtairgeadh sna cuntais charntha arís sa chuntas athruithe ar an gclár comhardaithe.

8.05 Tá feidhm ag seicheamh na gcuntas maidir le haonaid institiúideacha, earnálacha agus fo-earnálacha institiúideacha, agus leis an ngeilleagar iomlán.

8.06 Bunaítear na hítimí comhardaithe i bhfoirm chomhlán agus i bhfoirm ghlan araon. Is foirmeacha comhlána iad i gcás ina ríomhtar iad roimh ídiú an chaipitil sheasta a asbhaint agus is glanfoirmeacha iad i gcás ina ríomhtar iad tar éis na hasbhainte sin. Tá níos mó tábhachta ag baint le hítimí comhardaithe ioncain a chur in iúl i nglanfoirmeacha, ós rud é go bhfuil glaoch ar ioncam indíscartha i gceist le hídíú caipitil agus nach mór an glaoch sin a shásamh má táthar chun stoc caipitil an gheilleagair a chothabháil.

8.07 Déantar na cuntais a chur i láthair ar dhá shlí:

- (a) i bhfoirm cuntas eacnamaíoch comhtháite, ag taispeáint na gcuntas a bhaineann leis na hearnálacha institiúideacha go léir, leis an ngeilleagar iomlán agus leis an gcuid eile den domhan i dtábla amháin;
- (b) i bhfoirm seichimh cuntas, ag tabhairt faisnéise níos mionsonraithe. Tá na táblaí a thaispeánann cur i láthair gach cuntais faoi seach tugtha sa roinn den Chaibidil seo dar teideal “Seicheamh na gcuntas”.

8.08 Taispeánann Tábla 8.1 cur i láthair sionoptach de na cuntais, na hítimí comhardaithe agus na príomh-chomhiomláin. Ní thaispeántar an cód le haghaidh na bpríomh-chomhiomlán sa tábla, ach is ionann é agus an cód le haghaidh na n-ítimí comhardaithe, móide réiltín i ndiaidh an huimhreach. I gcás “Comhardú ioncam príomha” mar shampla, is é B.5g an cód agus is é B.5*g an cód le haghaidh an phríomh-chomhiomláin Ollioncam Náisiúnta.

8.09 Taispeántar na hítimí comhardaithe sa tábla i bhfoirm chomhlán, rud a thugann an “g” sa chód le fios. Is ann do ghlanfoirm le haghaidh gach cóid den sórt sin, is é sin le rá foirm as ar asbhaineadh an meastachán le haghaidh ídiú caipitil. Mar shampla, is é B.1g an cód le haghaidh “breisluach, comhlán” agus is é B.1n an cód don choibhéis ghlan (breisluach, glan), is é sin tar éis ídiú caipitil a asbhaint.

Tábla 8.1 — Cur i láthair sionoptach na gcuntas, na n-ítimí comhardaithe agus na bpríomh-chomhiomlán

Cuntais							Ítimí comhardaithe		Príomh-chomhiomlán		
Seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh earnálacha institiúideacha											
Cuntais reatha	I.	Cuntais táirgeachta	I.	Cuntais táirgeachta					B.1g	Breislúach, comhlán	Olltáirgeacht intíre (OTI)
	II.	Cuntais dáilte agus úsáide ioncaim	II.1	Cuntais dáilte phríomha ioncaim	II.1.1	Cuntas giniúna ioncaim			B.2g B.3g	Barrachas oibriúcháin, comhlán Ioncam measctha, comhlán	
					II.1.2	Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha	II.1.2.1	Cuntas ioncaim fhiontraíoch	B.4g	Ioncam fiontraíoch, comhlán	
							II.1.2.2	Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha eile	B.5g	Comhardú ioncam príomha, comhlán	Ollioncam náisiúnta, (OIN)
			II.2	Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim					B.6g	Ioncam indiúscartha, comhlán	Ollioncam indiúscartha náisiúnta
			II.3	Cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil					B.7g	Ioncam indiúscartha coigeartaithe, comhlán	
			II.4	Cuntas úsáide ioncaim	II.4.1	Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha			B.8g	Coigilt, comhlán	Ollchoigilt náisiúnta
					II.4.2	Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe					
Cuntais charntha	III.	Cuntais charntha	III.1	Cuntas caipitil	III.1.1	Cuntas athraithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil			B.101	Athrú ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil	
					III.1.2	Cuntas éadálacha sócmhainní neamhairgeadais			B.9	Glaniasachtú/glaniasachtaíocht	
			III.2	Cuntas airgeadais					B.9	Glaniasachtú/glaniasachtaíocht	

Cuntais								Ítimí comhardaithe		Príomh-chomhiomlán
			III.3	Cuntas athruithe eile ar na sócmhainní	III.3.1	Cuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní		B.102	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní	
					III.3.2	Cuntais athluachála		B.103	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain ainmniúla/caillteanais ainmniúla sealúchais	
						III.3.2.1	Cuntas gnóthachan/caillteanais neodrach sealúchais	B.1031	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain neodracha/caillteanais neodracha sealúchais	
						II.3.2.2	Cuntas gnóthachan/caillteanais réadach sealúchais	B.1032	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain/caillteanais réadach sealúchais	
Clár chomhardaithe	IV.	Clár chomhardaithe	IV.1	Clár comhardaithe tosaigh				B.90	Glanfhiúchas	Fiúchas náisiúnta
			IV.2	Athruithe ar an gclár comhardaithe				B.10	Athrú ar ghlanfhiúchas, iomlán	Athrú ar fhiúchas náisiúnta
			IV.3	Clár comhardaithe deiridh				B.90	Glanfhiúchas	Fiúchas náisiúnta

Tábla 8.1 — Cur i láthair sionoptach na gcuntais, na n-ítimí comhardaithe agus na bpríomh-chomhiomlán (ar lean)

Cuntais								Ítimí comhardaithe		Príomh-chomhiomlán
Cuntais idirbheart										
	0.	Cuntas earraí agus seirbhísí								
An chuid eile den domhan (cuntas idirbheart seachtrach)										
Cuntas reatha	V.	An chuid eile den domhan	V.I	Cuntas seachtrach earraí agus seirbhísí				B.11	Comhardú seachtrach earraí agus seirbhísí	Comhardú seachtrach earraí agus seirbhísí
			V.II	Cuntas seachtrach ioncaim phríomha agus aistrithe reatha				B.12	Comhardú seachtrach reatha	Comhardú seachtrach reatha
Cuntais charntha			V.III	Cuntais charntha sheachtracha	V.III.1	Cuntas caipitil	V.III.1.1	Cuntas athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar an gcomhardú seachtrach reatha agus aistrithe caipitil	B.101	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar chomhardú seachtrach reatha agus ar aistrithe caipitil

Cuntais							Ítimí comhardaithe			Príomh-chomhiomlán
						V.III.1.2	Cuntas éadálacha sócmhainní neamhairgeadais	B.9	Glaniasachtú/glaniasachtaíocht	
					V.III.2	Cuntas airgeadais		B.9	Glaniasachtú/glaniasachtaíocht	Glaniasachtú/glaniasachtaíocht
					V.III.3	Cuntas athruithe eile ar na sócmhainní	V.III.3.1	Cuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní	B.102	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní
							V.III.3.2	Cuntais athluachála	B.103	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain ainmniúla/caillteanais ainmniúla sealúchais
Clár chomhardaithe			V.IV	Cuntas seachtrach sócmhainní agus dliteanas	V.IV.1	Clár comhardaithe tosaigh		B.90	Glanfhiúchas	Glansuíomh seachtrach airgeadais
					V.IV.2	Athruithe ar an gclár comhardaithe		B.10	Athruithe ar ghlanfhiúchas	
					V.IV.3	Clár comhardaithe deiridh		B.90	Glanfhiúchas	Glansuíomh seachtrach airgeadais

SEICHEAMH NA gCUNTAS**Cuntais reatha****Cuntas táirgeachta (I)**

- 8.10 Taispeántar i gcuntas táirgeachta (I) na hidirbhearta a bhaineann leis an bpróiseas táirgthe. Déantar an cuntas seo a tharraingt suas i gcás earnálacha institiúideacha agus i gcás tionscal. Áirítear aschur faoina acmhainní agus tomhaltas idirmheánach faoina úsáidí.
- 8.11 Léiríonn an cuntas táirgeachta ceann de na hítimí comhardaithe is tábhachtaí sa chóras — breisluach, nó an luach arna ghiniúint ag aon aonad atá i mbun gníomhaíochta táirgthe — agus comhiomlán rithábhachtach: an olltáirgeacht intíre. Tá tábhacht ó thaobh an gheilleagair de ag baint le breisluach i gcomhair earnálacha institiúideacha agus tionscal araon.
- 8.12 Is féidir breisluach (ítim chomhardaithe an chuntais) a ríomh sula gcuirtear ídiú caipitil sheasta san áireamh nó ina dhiaidh sin, i.e. i bhfoirm chomhlán nó i bhfoirm ghlan. Os rud é go luacháiltear an t-aschur ag na bunphraghsanna agus tomhaltas idirmheánach ag praghsanna na gceannaitheoirí, ní áirítear cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí i mbreisluach.
- 8.13 Sa bhreis ar aschur earraí agus seirbhísí, cuimsítear cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí faoi acmhainní sa chuntas táirgeachta ar leibhéal an gheilleagair iomláin. Sa chaoi sin is féidir an olltáirgeacht intíre (ag praghsanna an mhargaidh) a fháil mar ítim chomhardaithe. Is é B.1*g an cód le haghaidh na príomh-ítim chomhardaithe comhiomlánaithe sin, breisluach ag leibhéal an gheilleagair iomláin arna choigeartú chun a bheith ag praghsanna an mhargaidh, agus is ionann sin agus OTI ag praghsanna an mhargaidh. Is é B.1*n cód na Glantáirgeachta Intíre (GTI).
- 8.14 Déantar seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach (FISIM) a leithdháileadh ar úsáideoirí mar chostais. Mar gheall air sin, ní mór cuid d'íocaíochtaí úis le hidirghabhálaithe airgeadais a athaicmiú mar íocaíochtaí i leith seirbhísí, agus a leithdháileadh mar aschur tháirgeoirí na seirbhísí idirghabhála airgeadais. Déantar luach coibhéiseach a shainthaint mar thomhaltas úsáideoirí. Déanann an méid FISIM a leithdháiltear ar thomhaltas críochnaitheach, onnmhairí agus allmhairí difear do thomhas OTI.

Tábla 8.2 — Cuntas I: Cuntas táirgeachta

Úsáidí											
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11		
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
3 604	3 604									P.1	Aschur
3 077	3 077									P.11	Aschur margaidh
147	147									P.12	Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse
380	380									P.13	Aschur neamh-mhargaidh
1 883			1 883	17	115	222	52	1 477	P.2	Tomhaltas idirmheánach	
133	133									D.21-D.31	Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí
1 854			1 854	15	155	126	94	1 331	B.1g/B.1*g	Breislúach, comhlán/olltáirgeacht intíre	
222			222	3	23	27	12	157	P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta	
1 632			1 632	12	132	99	82	1 174	B.1n/B.1*n	Breislúach, glan/glantáirgeacht intíre	

Acmhainní										
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
P.1	Aschur	2 808	146	348	270	32	3 604			3 604
P.11	Aschur margaidh	2 808	146	0	123	0	3 077			3 077
P.12	Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse	0	0	0	147	0	147			147
P.13	Aschur neamh-mhargaidh			348		32	380			380
P.2	Tomhaltas idirmheánach								1 883	1 883
D.21-D.31	Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí							133		133
B.1g/B.1*g	Breislúach, comhlán/olltáirgeacht intíre									
P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta									
B.1n/B.1*n	Breislúach, glan/glantáirgeacht intíre									

Cuntais dáilte agus úsáide ioncaim (II)

- 8.15 Déantar anailís ar dháileadh agus ar úsáid ioncaim i gceithre chéim ar leith: dáileadh príomha, dáileadh tánaisteach, athdháileadh comhchineáil agus úsáid ioncaim.

Baineann an chéad chéim le giniúint ioncaim atá mar thoradh díreach ar an bpróiseas táirgthe agus ar dháileadh an ioncaim idir fachtóirí an táirgthe (saothar, caipiteal) agus an rialtas ginearálta (trí chánacha ar tháirgeadh agus allmhairí, agus fóirdheontais). Ceadaíonn sé an barrachas oibriúcháin (nó an t-ioncam measctha i gcás teaghlach) agus an t-ioncam príomha a chinneadh.

Déantar rianú sa dara céim ar athdháileadh ioncaim trí aistrithe, seachas aistrithe sóisialta comhchineáil agus aistrithe caipitil. Is é toradh an méid sin an t-ioncam indiúscartha mar ítim chomhardaithe.

Sa tríú céim, déantar seirbhísí aonair arna soláthar don tsochaí ag an rialtas agus INBFTanna a láimhseáil mar chuid de thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach, agus déantar ioncam comhfhreagrach barúlach a thaifeadh i leith teaghlach. Déantar amhlaidh trí bhíthin dhá chuntas a bhfuil ítimí coigeartaithe iontu. Déantar cuntas ar a dtugtar an cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil a thabhairt isteach, ar cuntas é a léiríonn, mar acmhainní, an t-ioncam breise barúlach le haghaidh teaghlach, agus úsáid chomhfhreagrach le haghaidh an rialtais agus INBFTanna i bhfoirm aistrithe bharúlaigh ó na hearnálacha sin. Sa chaoi sin, faightear ítim chomhardaithe ar a dtugtar an t-ioncam indiúscartha coigeartaithe, arb ionann é agus ioncam indiúscartha ar leibhéal an gheilleagair iomláin, ach atá éagsúil i gcás earnálacha na dteaghlach, an rialtais agus INBFTanna.

Sa cheathrú céim, déantar an t-ioncam indiúscartha a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad chuntas eile, an cuntas úsáide ioncaim indiúscartha agus taispeántar ann conas a ídítear an t-ioncam, rud a fhágann coigilt mar ítim chomhardaithe. Nuair a shainnítear seirbhísí aonair mar thomhaltas teaghlach tríd an gcuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil, léiríonn an cuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe conas a chaitheann teaghlach an t-ioncam indiúscartha coigeartaithe a bhaineann leis an aonad tomhais sin ar na haistrithe sóisialta comhchineáil arna bhfáil ón rialtas agus INBFTanna, trí luach na n-aistrithe sóisialta comhchineáil a shuimiú le tomhaltas críochnaitheach na dteaghlach chun aonad tomhais ar a dtugtar tomhaltas críochnaitheach iarbhír a fháil. Déantar an tomhaltas i gcás an rialtais agus INBFTanna a laghdú trí shuim atá comhionann agus suim den chomhartha contrártha a asbhaint, sa dóigh gurb é an toradh ar an láimhseáil choigeartaithe, agus coigilt á ríomh le haghaidh earnálacha an rialtais, INBFTanna agus na dteaghlach, an ítim chomhardaithe choigilte chéanna le haghaidh gach earnála is a bhíonn mar thoradh ar an láimhseáil chaighdeánach.

Cuntais dáilte phríomha ioncaim (II.1)**Cuntas giniúna ioncaim (II.1.1)**

Tá leagan amach an chuntais ghiniúna ioncaim de réir earnála institiúidí curtha i láthair i dTábla 8.3.

- 8.16 Cuirtear an cuntas giniúna ioncaim i láthair freisin de réir tionscail, i gcolúin na dtáblaí soláthair agus úsáide.

- 8.17 Cuirtear idirbhearta ioncaim phríomha i láthair sa chuntas giniúna ioncaim ó thaobh na n-earnálacha foinseacha de, seachas ó thaobh na n-earnálacha ceann scribe de.

- 8.18 Taispeántar ann conas a chumhdaíonn breisluch cúiteamh d'fhostaithe agus cánacha eile (lúide fóirdheontais) ar tháirgeadh. Is barrachas oibriúcháin é an ítim chomhardaithe, is é sin an barrachas (nó easnamh) ó ghníomhaíochtaí táirgthe sula gcuirtear an t-ús, na cíosa ná na muirir i gcuntas nach mór don aonad táirgthe:

(a) a íoc ar shócmhainní airgeadais nó ar acmhainní nádúrtha — a fuair sé ar iasacht nó ar cíos;

(b) a fháil ar shócmhainní airgeadais nó ar acmhainní nádúrtha arb é a n-úinéir é.

- 8.19 I gcás gnóthas neamhchorpraithe in earnáil na dteaghlach, tugtar le tuiscint in ítim chomhardaithe an chuntais ghiniúna ioncaim go bhfuil gné ann a chomhfhreagraíonn do luach saothair ar obair arna déanamh ag úinéir nó ag baill den teaghlach. Tá saintréithe pá agus tuarastail ag baint leis an ioncam sin ó fhéinfhostaíocht, chomh maith le saintréithe brabúis mar gheall ar obair arna déanamh i gcáil fiontraí. Tagraítear don ioncam sin mar "ioncam measctha", ós rud é nach ionann é go díreach agus pá ná brabús.

- 8.20 I gcás táirgeadh féinchuntais seirbhísí tithíochta ag teaghlach úinéirí-áititheoirí, is é barrachas oibriúcháin (seachas ioncam measctha) an ítim chomhardaithe sa chuntas giniúna ioncaim.

Tábla 8.3 — Cuntas II.1.1: Cuntas giniúna ioncaim

Úsáidí										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
									B.1g/B.1*g	Breisluch, comhlán/oltáirgeacht intíre
									B.1n/B.1*n	Breisluch, glan/glantáirgeacht intíre
1 150			1 150	11	11	98	44	986	D.1	Cúiteamh d'fhostaithe
950			950	6	11	63	29	841	D.11	Pá agus tuarastail
200			200	5	0	55	5	145	D.12	Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí
181			181	4	0	51	4	132	D.121	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí
168			168	4	0	48	4	122	D.1211	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí
13			13	0	0	3	0	10	D.1212	Ranníocaíochtaí iarbhír neamhphínsean fostóirí
19			19	1	0	4	1	13	D.122	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí
18			18	1	0	4	1	12	D.1221	Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí
1			1	0	0	0	0	1	D.1222	Ranníocaíochtaí barúlacha neamhphínsean fostóirí
235		0	235						D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí
141		0	141						D.21	Cánacha ar tháirgí
121		0	121						D.211	Cánacha de chineál breislucha (CBL)
17		0	17						D.212	Cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh
17		0	17						D.2121	Dleachtanna allmhairiúcháin
0		0	0						D.2122	Cánacha ar allmhairí gan CBL agus dleachtanna a áireamh
3		0	3						D.214	Cánacha ar tháirgí ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí
94		0	94	1	0	1	4	88	D.29	Cánacha eile ar tháirgeadh
- 44		0	- 44						D.3	Fóirdheontais
- 8		0	- 8						D.31	Fóirdheontais ar tháirgí

Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha (II.1.2)

- 8.21 Murab ionann agus an cuntas giniúna ioncaim, déantar aonaid chónaitheacha agus earnálacha institiúideacha a láimhseáil mar fhaighteoirí seachas mar tháirgeoirí ioncaim phríomha sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha.
- 8.22 Is éard is ioncam príomha ann ioncam a fhaigheann aonaid chónaitheacha de bhua a rannpháirtíochta díri sa phróiseas táirgthe, agus an t-ioncam atá infhála ag úinéir sócmhainne airgeadais nó acmhainne nádúrtha i gcomaoin cistí a sholáthar d'aonad institiúideach eile, nó an acmhainn nádúrtha a chur ar fáil d'aonad institiúideach eile.
- 8.23 I gcás earnáil na dteaghlach, ní ionann cúiteamh d'fhostaithe (D.1) ar thaobh na n-acmhainní sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha agus iontráil D.1 ar thaobh na n-úsáidí, sa chuntas giniúna ioncaim. I gcuntas giniúna ioncaim na dteaghlach, taispeánann an iontráil ar thaobh na n-úsáidí an méid a íoctar le foireann atá fostaithe i ngnó an teaghlaigh. I gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha earnáil na dteaghlach, taispeánann an iontráil ar thaobh na n-acmhainní an cúiteamh ar fad ó fhostaíocht a tuilleadh in earnáil na dteaghlach i gcáil fostaí i gcursaí gnó, sa rialtas etc. Ar an ábhar sin, is mó i bhfad an iontráil i gcuntas leithdháilte na dteaghlach ná an iontráil i gcuntas giniúna ioncaim earnáil na dteaghlach.
- 8.24 Ní féidir an cuntas leithdháilte ioncaim phríomha (II.1.2) a ríomh ach i gcomhair na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha institiúideacha amháin, ós rud é, i gcás tionscal, go bhfuil sé dodhéanta sreafaí áirithe a bhaineann le maoiniú (iasachtaí agus iasachtaíochtaí caipitil) agus le sócmhainní a mhiondealú.
- 8.25 Déantar an cuntas leithdháilte ioncaim phríomha a mhiondealú i gcuntas ioncaim fhiontraíoch (II.1.2.1) agus i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha eile (II.1.2.2).

Tábla 8.4 — Cuntas II.1.2: Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha

Úsáidí										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
									B.2g	Barrachas oibriúcháin, comhlán
									B.3g	Ioncam measctha, comhlán
									B.2n	Barrachas oibriúcháin, glan
									B.3n	Ioncam measctha, glan
6		6							D.1	Cúiteamh d'fhostaithe
6		6							D.11	Pá agus tuarastail
0		0							D.12	Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí
0		0							D.121	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí
0		0							D.1211	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí
0		0							D.1212	Ranníocaíochtaí iarbhír neamhphinsean fostóirí
0		0							D.122	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí
0		0							D.1221	Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí
0		0							D.1222	Ranníocaíochtaí barúlacha neamhphinsean fostóirí
0									D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí
0									D.21	Cánacha ar tháirgí
0									D.211	Cánacha de chineál breisluacha (CBL)
0									D.212	Cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh
0									D.2121	Dleachtanna allmhairiúcháin
0									D.2122	Cánacha ar allmhairí gan CBL agus dleachtanna a áireamh

Úsáidí										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamhairgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe
0									D.214	Cánacha ar tháirgí ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí
0									D.29	Cánacha eile ar tháirgeadh
0									D.3	Fóirdheontais
0									D.31	Fóirdheontais ar tháirgí
0									D.311	Fóirdheontais ar allmhairí
0									D.319	Fóirdheontais eile ar tháirgí
0									D.39	Fóirdheontais eile ar tháirgeadh
435		44	391	6	41	42	168	134	D.4	Ioncam ó mhaoin
230		13	217	6	14	35	106	56	D.41	Ús
79		17	62	0			15	47	D.42	Ioncam dáilte corparáidí
67		13	54				15	39	D.421	Díbhinní
12		4	8				0	8	D.422	Aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí
14		14	0				0	0	D.43	Tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach
47		0	47				47		D.44	Ioncam eile ó infheistíocht
25		0	25				25		D.441	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais
8		0	8				8		D.442	Ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean

Úsáidí										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
14		0	14				14		D.443	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gceistí comhinfeistíochta
6		0	6				6		D.4431	Díbhinní atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gceistí comhinfeistíochta
8		0	8				8		D.4432	Tuilleamh coinnithe atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gceistí comhinfeistíochta
653			65	0	27	7	0	31	D.45	Cíos
1 864			1 864	4	1 381	198	27	254	B.5g/B.5*g	Comhardú ioncam príomha, comhlán/ioncain náisiúnta, comhlán
1 642			1 642	1	1 358	171	15	97	B.5n/B.5*n	Comhardú ioncam príomha, glan/ioncain náisiúnta, glan

Tábla 8.4 — Cuntas II.1.2: Leithdháileadh ioncain phríomha (ar lean)

Acmhainní										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
Idirbhearta agus ítimí comhardaithe		Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.2g	Barrachas oibriúcháin, comhlán	292	46	27	84	3	452			452
B.3g	Ioncam measctha, comhlán				61		61			61
B.2n	Barrachas oibriúcháin, glan	135	34	0	69	0	238			238
B.3n	Ioncam measctha, glan				53		53			53
D.1	Cúiteamh d'fhostaithe				1 154		1 154	2		1 156

Acmhainní										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
D.11	Pá agus tuarastail				954		954	2		956
D.12	Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí				200		200	0		200
D.121	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí				181		181	0		181
D.1211	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí				168		168	0		168
D.1212	Ranníocaíochtaí iarbhír neamhphínsean fostóirí				13		13	0		13
D.122	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí				19		19	0		19
D.1221	Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí				18		18	0		18
D.1222	Ranníocaíochtaí barúlacha neamhphínsean fostóirí				1		1	0		1
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí			235			235			235
D.21	Cánacha ar tháirgí			141			141			141
D.211	Cánacha de chineál breisluacha (CBL)			121			121			121
D.212	Cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh			17			17			17
D.2121	Dleachtanna allmhairiúcháin			17			17			17
D.2122	Cánacha ar allmhairí gan CBL agus dleachtanna a áireamh			0			0			0
D.214	Cánacha ar tháirgí ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí			3			3			3
D.29	Cánacha eile ar tháirgeadh			94			94			94
D.3	Fóirdheontais			- 44			- 44			- 44
D.31	Fóirdheontais ar tháirgí			- 8			- 8			- 8
D.311	Fóirdheontais ar allmhairí			0			0			0

Cuntas ioncaim fhiontraíoch (II.1.2.1)

- 8.26 Is é an cuspóir leis an gcuntas ioncaim fhiontraíoch ítim chomhardaithe a chinneadh a chomhfhreagraíonn do choincheap an bhrabúis reatha roimh dháileadh agus roimh cháin ioncaim, mar a úsáidtear de ghnáth i gcunta-saíocht ghnó.
- 8.27 I gcás an rialtais ghinearálta agus na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlach, baineann an cuntas seo lena ngníomhaíochtaí margaidh amháin.
- 8.28 Comhfhreagraíonn an t-ioncam fiontraíoch don bharrachas oibriúcháin nó don ioncam measctha (ar thaobh na n-acmhainní):
- móide* ioncam ó mhaoin infhála maidir le sócmhainní airgeadais agus le sócmhainní eile atá i seilbh an ghnóthais (ar thaobh na n-acmhainní)
- lúide* ús ar fhiacha iníoctha ag an ngnólacht, ioncam eile ó infheistíocht iníoctha, agus cíosanna iníoctha ar thalamh agus ar acmhainní *nádúrtha* eile atá glactha ar cíos ag an ngnóthas (ar thaobh na n-úsáidí).
- Ní dhéantar ioncam ó mhaoin iníoctha i bhfoirm díbhinní, aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí, ná tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach a asbhaint ón ioncam fiontraíoch.

Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha eile (II.1.2.2)

- 8.29 Is é an cuspóir leis an gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha eile teacht ar ais ó choincheap an ioncaim fhiontraíoch go coincheap an ioncaim phríomha. Tá ar áireamh ann, dá bhrí sin, eilimintí an ioncaim phríomha nach n-áirítear sa chuntas ioncaim fhiontraíoch:
- (a) i gcás corparáidí, díbhinní dáilte, aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí, agus tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach (ar thaobh na n-úsáidí);
- (b) i gcás teaghlach:
- (1) ioncam ó mhaoin iníoctha, gan cíosanna agus ús iníoctha maidir le gníomhaíocht fhiontraíoch a áireamh (ar thaobh na n-úsáidí);
 - (2) cúiteamh d'fhostaithe (ar thaobh na n-acmhainní);
 - (3) ioncam ó mhaoin infhála, gan an t-ioncam infhála maidir le gníomhaíocht an ghnóthais a áireamh (ar thaobh na n-acmhainní);
- (c) i gcás an rialtais ghinearálta:
- (1) ioncam ó mhaoin iníoctha, gan cíosanna iníoctha maidir le gníomhaíochtaí margaidh a áireamh (ar thaobh na n-úsáidí);
 - (2) cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí lúide fóirdheontais (ar thaobh na n-acmhainní);
 - (3) ioncam ó mhaoin infhála, gan an t-ioncam infhála maidir le gníomhaíochtaí margaidh a áireamh (ar thaobh na n-acmhainní).

Tábla 8.5 — Cuntas II.1.2.1: Ioncam fiontraíoch

		Úsáidí									
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11		
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
									B.2g	Barrachas oibriúcháin, comhlán	
									B.3g	Ioncam measctha, comhlán	
									B.2n	Barrachas oibriúcháin, glan	
									B.3n	Ioncam measctha, glan	
240			240				153	87	D.4	Ioncam ó mhaoin	
162			162				106	56	D.41	Ús	
									D.42	Ioncam dáilte corparáidí	
									D.421	Díbhinní	
									D.422	Aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí	
									D.43	Tuilleamh athinfeistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach	
47			47				47		D.44	Ioncam eile ó infheistíocht	
25			25				25		D.441	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais	
8			8				8		D.442	Ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean	
14			14				14		D.443	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcisté comhinfeistíochta	
31			31				0	31	D.45	Cíos	
343			343				42	301	B.4g	Ioncam fiontraíoch, comhlán	
174			174				30	144	B.4n	Ioncam fiontraíoch, glan	

Tábla 8.5 — Cuntas II.1.2.1: Ioncam fiontraíoch (ar lean)

Acmhainní										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.2g	Barrachas oibriúcháin, comhlán	292	46	27	84	3	452			452
B.3g	Ioncam measctha, comhlán				61		61			61
B.2n	Barrachas oibriúcháin, glan	135	34	0	69	0	238			238
B.3n	Ioncam measctha, glan				53		53			53
D.4	Ioncam ó mhaoin	96	149				245			245
D.41	Ús	33	106				139			139
D.42	Ioncam dáilte corparáidí	10	25				35			35
D.421	Díbhinní	10	25				35			35
D.422	Aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí						0			0
D.43	Tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach	4	7				11			11
D.44	Ioncam eile ó infheistíocht	8	8				16			16
D.441	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais	5					5			5
D.442	Ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean						0			0
D.443	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhinfheistíochta	3	8				11			11
D.45	Cíos	41	3				44			44
B.4g	Ioncam fiontraíoch, comhlán									
B.4n	Ioncam fiontraíoch, glan									

Tábla 8.5 — Cuntas II.1.2.2: Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha eile

		Úsáidí								
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11	
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe
									B.4g	Ioncam fiontraíoch, comhlán
									B.4n	Ioncam fiontraíoch, glan
6		6							D.1	Cúiteamh d'fhostaithe
6		6							D.11	Pá agus tuarastail
									D.12	Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí
									D.121	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí
									D.122	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí
									D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí
									D.21	Cánacha ar tháirgí
									D.211	Cánacha de chineál breisluacha (CBL)
									D.212	Cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh
									D.2121	Dleachtanna allmhairiúcháin
									D.2122	Cánacha ar allmhairí gan CBL agus dleachtanna a áireamh
									D.214	Cánacha ar tháirgí ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí
									D.29	Cánacha eile ar tháirgeadh
									D.3	Fóirdheontais
									D.31	Fóirdheontais ar tháirgí
									D.311	Fóirdheontais ar allmhairí

Úsáidí										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamhairgeadais	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
									D.319	Fóirdheontais eile ar tháirgí
									D.39	Fóirdheontais eile ar tháirgeadh
214		63	151	6	41	42	15	47	D.4	Ioncam ó mhaoin
68		13	55	6	14	35			D.41	Ús
98		36	62				15	47	D.42	Ioncam dáilte corparáidí
54		0	54				15	39	D.421	Díbhinní
44		36	8					8	D.422	Aistarraingt as ioncam samhailchorparáidí
14		14	0						D.43	Tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach
									D.44	Ioncam eile ó infheistíocht
									D.441	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais
									D.442	Ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean
									D.443	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gceistí comhinfheistíochta
34			34	0	27	7			D.45	Cíos
1 864			1 864	4	1 381	198	27	254	B.5g/B.5*g	Comhardú ioncam príomha, comhlán/ioncaim náisiúnta, comhlán
1 642			1 642	1	1 358	171	15	97	B.5n/B.5*n	Comhardú ioncam príomha, glan/ioncaim náisiúnta, glan

Tábla 8.5 — Cuntas II.1.2.2: Leithdháileadh ioncaim phríomha eile (ar lean)

Acmhainní										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.4g	Ioncam fiontraíoch, comhlán	301	42				343			343
B.4n	Ioncam fiontraíoch, glan	144	30				174			174
D.1	Cúiteamh d'fhostaithe				1 154		1 154	2		1 156
D.11	Pá agus tuarastail				954		954	2		956
D.12	Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí				200		200			200
D.121	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí				181		181			181
D.122	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí				19		19			19
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí			235			235			235
D.21	Cánacha ar tháirgí			141			141			141
D.211	Cánacha de chineál breisluacha (CBL)			121			121			121
D.212	Cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh			17			17			17
D.2121	Dleachtanna allmhairiúcháin			17			17			17
D.2122	Cánacha ar allmhairí gan CBL agus dleachtanna a áireamh			0			0			0
D.214	Cánacha ar tháirgí ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí			3			3			3
D.29	Cánacha eile ar tháirgeadh			94			94			94
D.3	Fóirdheontais			- 44			- 44			- 44
D.31	Fóirdheontais ar tháirgí			- 8			- 8			- 8

Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim (II.2)

- 8.30 Taispeánann an cuntas dáilte thánaistigh ioncaim conas a leithdháiltear comhardú ioncaim phríomha earnála institiúidí trí athdháileadh: cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas etc., ranníocaíochtaí sóisialta agus sochair shóisialta (gan aistrithe sóisialta comhchineáil a áireamh) agus aistrithe reatha eile.
- 8.31 Is é ioncam indiúscartha ítim chomhardaithe an chuntais, rud a léiríonn idirbhearta reatha, agus arb é an tsuim atá ar fáil le haghaidh tomhaltais chríochnaithigh nó le haghaidh coigilte.
- 8.32 Déantar ranníocaíochtaí sóisialta a thaifeadadh ar thaobh na n-úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na dteaghlach agus ar thaobh na n-acmhainní i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na n-earnálacha institiúideacha atá freagrach as bainistíocht árachais shóisialta. I gcás ina bhfuil siad iníoctha ag fostóirí thar ceann a bhfostaithe, áirítear iad ar an gcéad dul síos faoi chúiteamh d'fhostaithe, ar thaobh na n-úsáidí i gcuntas giniúna ioncaim na bhfostóirí, ós rud é gur cuid de na costais pá iad; déantar iad a thaifeadadh, freisin, mar chúiteamh d'fhostaithe, ar thaobh na n-acmhainní i gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha na dteaghlach, ós rud é go bhfreagraíonn siad do shochair teaghlach.

Tá na ranníocaíochtaí sóisialta arna dtaispeáint ar thaobh na n-úsáidí i gcuntas dáilte thánaistigh ioncaim na dteaghlach i bhfoirm ghlan tar éis muirir seirbhíse na gcistí pinsin agus na gcomparáidí árachais eile a asbhaint, a bhfuil a n-acmhainní iomlána nó cuid dá n-acmhainní comhdhéanta de ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír.

Taispeántar ítim choigeartaithe sa tábla i gcás mhuirir seirbhíse na scéime árachais shóisialta. Déantar ranníocaíochtaí sóisialta, glan (D.61) a thaifeadadh i bhfoirm atá glan ó na muirir sin, ach ós rud é go bhfuil sé deacair é a chionroinnt idir comhchodanna D.61, taispeántar na ranníocaíochtaí i bhfoirm chomhlán sa tábla, agus na muirir sin san áireamh. Dá bhrí sin, is ionann D.61 agus suim a chomhchodanna, lúide an ítim choigeartaithe sin.

Cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil (II.3)

- 8.33 Tugann an cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil léargas níos leithne d'ioncam na dteaghlach trí na sreafaí a chomhfhreagraíonn d'úsáid earraí agus seirbhísí aonair a chur san áireamh, ar earraí agus seirbhísí iad a fhaigheann na teaghlaigh sin saor in aisce ón rialtas agus ó INBFTanna, i.e. aistrithe sóisialta comhchineáil. Éascaíonn sé comparáidí thar thréimhsí ama nuair atá difríochtaí nó athruithe ann ar dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta, agus forlónann sé an anailís ar ról an rialtais ghinearálta maidir le hathdháileadh ioncaim.
- 8.34 Déantar aistrithe sóisialta comhchineáil a thaifeadadh ar thaobh na n-acmhainní sa chuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil i gcás na dteaghlach, agus ar thaobh na n-úsáidí i gcás an rialtais ghinearálta agus na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhóinn do theaghlaigh.
- 8.35 Is é ioncam indiúscartha choigeartaithe an ítim chomhardaithe sa chuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil, agus is é an chéad iontráil ar thaobh na n-acmhainní den chuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe (II.4.2) é.

Tábla 8.6 — Cuntas II.2: Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim

Úsáidí										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamhairgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe
									B.5g/B.5*g	Comhardú ioncam príomha, comhlán/ioncaim náisiúnta, comhlán
									B.5n/B.5*n	Comhardú ioncam príomha, glan/ioncaim náisiúnta, glan
1 229		17	1 212	7	582	248	277	98		Aistrithe reatha
213		1	212	0	178	0	10	24	D.5	Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc.
204		1	203	0	176	0	7	20	D.51	Cánacha ar ioncam
9			9	0	2	0	3	4	D.59	Cánacha reatha eile
333		0	333		333				D.61	Ranníocaíochtaí sóisialta, glan
181		0	181		181				D.611	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí
168		0	168		168				D.6111	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí
13		0	13		13				D.6112	Ranníocaíochtaí iarbhír neamhphínsean fostóirí
19		0	19		19				D.612	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí
18		0	18		18				D.6121	Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí
1		0	1		1				D.6122	Ranníocaíochtaí barúlacha neamhphínsean fostóirí
129		0	129		129				D.613	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach
115		0	115		115				D.6131	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin teaghlach
14		0	14		14				D.6132	Ranníocaíochtaí iarbhír neamhphínsean teaghlach
10		0	10		10				D.614	Forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach
8		0	8		8				D.6141	Forlíontaí ranníocaíochta pinsin teaghlach

Úsáidí										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe
2		0	2		2				D.6142	Forlíontaí ranníocaíochta neamhphinsean teaghlach
- 6		0	- 6		- 6				D.61SC	Muirir seirbhíse scéimeanna árachais shóisialta
384		0	384	5	0	112	205	62	D.62	Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil
53		0	53			53			D.621	Sochair slándála sóisialta in airgead tirim
45		0	45			45			D.6211	Sochair slándála sóisialta pinsin in airgead tirim
8		0	8			8			D.6212	Sochair slándála sóisialta neamhphinsean in airgead tirim
279		0	279	5	0	7	205	62	D.622	Sochair árachais shóisialta eile
250		0	250	3	0	5	193	49	D.6221	Sochair árachais shóisialta phinsin eile
29		0	29	2	0	2	12	13	D.6222	Sochair árachais shóisialta neamhphinsean eile
52			52			52			D.623	Sochair chúnamh shóisialta in airgead tirim
299		16	283	2	71	136	62	12	D.7	Aistrithe reatha eile
58		2	56	0	31	4	13	8	D.71	Glanphréimheanna árachais neamhshaoil
44		1	43	0	31	4	0	8	D.711	Glanphréimheanna árachais dhírigh neamhshaoil
14		1	13				13		D.712	Glanphréimheanna athárachais neamhshaoil
60		12	48				48		D.72	Éilimh árachais neamhshaoil
45		0	45				45		D.721	Éilimh árachais dhírigh neamhshaoil
15		12	3				3		D.722	Éilimh athárachais neamhshaoil
96		0	96			96			D.73	Aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta
23		1	22			22			D.74	Comhar idirnáisiúnta reatha

Úsáidí										
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11	
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe
53		1	52	2	40	5	1	4	D.75	Aistrithe reatha ilghnéitheacha
36		0	36	0	29	5	1	1	D.751	Aistrithe reatha chuig INBFTanna
8		1	7		7				D.752	Aistrithe reatha idir teaghlaigh
9		0	9	2	4	0	0	3	D.759	Aistrithe reatha ilghnéitheacha eile
9			9			9			D.76	Acmhainní dílse an AE atá bunaithe ar CBL agus OIN
1 826			1 826	37	1 219	317	25	228	B.6g	Ioncam indiúscartha, comhlán
1 604			1 604	34	1 196	290	13	71	B.6n	Ioncam indiúscartha, glan

Tábla 8.6 — Cuntas II.2: Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim (ar lean)

Acmhainní										
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.5g/B.5*g	Comhardú ioncam príomha, comhlán/ioncaim náisiúnta, comhlán	254	27	198	1 381	4	1 864			1 864
B.5n/B.5*n	Comhardú ioncam príomha, glan/ioncaim náisiúnta, glan	97	15	171	1 358	1	1 642			1 642
	Aistrithe reatha	72	275	367	420	40	1 174	55		1 229
D.5	Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc.			213			213	0		213
D.51	Cánacha ar ioncam			204			204	0		204
D.59	Cánacha reatha eile			9			9			9
D.61	Ranníocaíochtaí sóisialta, glan	66	212	50	0	5	333	0		333

Acmhainní										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
D.611	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí	31	109	38	0	3	181	0		181
D.6111	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí	27	104	35	0	2	168	0		168
D.6112	Ranníocaíochtaí iarbhír neamhphínsean fostóirí	4	5	3	0	1	13	0		13
D.612	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí	12	2	4	0	1	19	0		19
D.6121	Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí	12	1	4	0	1	18	0		18
D.6122	Ranníocaíochtaí barúlacha neamhphínsean fostóirí	0	1	0	0	0	1	0		1
D.613	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach	25	94	9	0	1	129	0		129
D.6131	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin teaghlach	19	90	6	0	0	115	0		115
D.6132	Ranníocaíochtaí iarbhír neamhphínsean teaghlach	6	4	3	0	1	14	0		14
D.614	Forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach		10				10	0		10
D.6141	Forlíontaí ranníocaíochta pinsin teaghlach		8				8	0		8
D.6142	Forlíontaí ranníocaíochta neamhphínsean teaghlach		2				2	0		2
D.61SC	Muirir seirbhíse scéimeanna árachais shóisialta	2	3		1		6	0		6
D.62	Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil				384		384	0		384
D.621	Sochair slándála sóisialta in airgead tirim				53		53	0		53
D.6211	Sochair slándála sóisialta pinsin in airgead tirim				45		45	0		45
D.6212	Sochair slándála sóisialta neamhphínsean in airgead tirim				8		8	0		8
D.622	Sochair árachais shóisialta eile				279		279	0		279

Tábla 8.7 — Cuntas II.3: Cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil

Úsáidí											
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11		
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
										B.6g	Ioncam indiúscartha, comhlán
										B.6n	Ioncam indiúscartha, glan
215			215	31		184				D.63	Aistrithe sóisialta comhchineáil
211			211	31		180				D.631	Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh chun críoch neamh-mhargaidh
4			4			4				D.632	Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh ceannaithe chun críoch margaidh
1 826			1 826	6	1 434	133	25	228	B.7g		Ioncam indiúscartha coigeartaithe, comhlán
1 604			1 604	3	1 411	106	13	71	B.7n		Ioncam indiúscartha coigeartaithe, glan

Acmhainní										
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.6g	Ioncam indiúscartha, comhlán	228	25	317	1 219	37	1 826			1 826
B.6n	Ioncam indiúscartha, glan	71	13	290	1 196	34	1 604			1 604
D.63	Aistrithe sóisialta comhchineáil				215		215			215
D.631	Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh chun críoch neamh-mhargaidh				211		211			211
D.632	Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh ceannaithe chun críoch margaidh				4		4			4
B.7g	Ioncam indiúscartha coigeartaithe, comhlán									
B.7n	Ioncam indiúscartha coigeartaithe, glan									

Cuntas úsáide ioncaim (II.4)

- 8.36 I gcás na n-earnálacha institiúideacha lena mbaineann tomhaltas críochnaitheach, taispeánann an cuntas úsáide ioncaim an chaoi a roinntear an t-ioncam indiúscartha (nó an t-ioncam indiúscartha choigeartaithe) idir caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (nó tomhaltas críochnaitheach iarbhír) agus coigilt.
- 8.37 Ní bhíonn tomhaltas críochnaitheach i gceist sa chóras, áfach, ach i gcás an rialtais, INBFTanna agus na dteaghlach. Lena chois sin, áirítear sa chuntas úsáide ioncaim, i gcás teaghlach agus cistí pinsin, ítim choigeartaithe (D.8 — choigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin) a bhaineann leis an tslí a dhéantar taifeadadh ar na hidirbhearta idir teaghlaigh agus cistí pinsin. Mínítear é sin sa chaibidil maidir le hidirbhearta dáileacháin, mír 4.141.

Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha (II.4.1)

- 8.38 Áirítear sa chuntas úsáide ioncaim indiúscartha coincheap an chaiteachais ar thomhaltas críochnaitheach arna mhaoiniú ag na hearnálacha éagsúla lena mbaineann: teaghlaigh, an rialtas ginearálta, agus institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh.
- 8.39 Is ionann an ítim chomhardaithe sa chuntas úsáide ioncaim indiúscartha agus coigilt.

Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe (II.4.2)

- 8.40 Tá nasc idir an cuntas sin agus an cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil (II.3). Áirítear sa chuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe coincheap an tomhaltais chríochnaitheach iarbhír, a fhreagraíonn do luach earraí agus seirbhísí atá ar fáil iarbhír ag teaghlaigh chun críche tomhaltais chríochnaitheach, fiú i gcás inarb é an rialtas ginearálta nó institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh atá ag maoiniú na n-éadálacha.

Dá bhrí sin, ní chomhfhreagraíonn tomhaltas críochnaitheach iarbhír an rialtais ghinearálta agus INBFTanna ach do thomhaltas críochnaitheach comhchoiteann amháin.

- 8.41 Ar leibhéal an gheilleagair iomláin, bíonn an caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach cothrom leis an tomhaltas críochnaitheach iarbhír; ní bhíonn difríochtaí i gceist ach i gcás dáileadh ar na hearnálacha institiúideacha. Is amhlaidh an scéal i gcás ioncaim indiúscartha agus ioncaim indiúscartha choigeartaithe.
- 8.42 Is é coigilt an ítim chomhardaithe sa dá leagan den chuntas úsáide ioncaim. Bíonn an luach céanna uirthi i gcás na n-earnálacha go léir, bíodh sé go bhfaightear í trí chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach a asbhaint ó ioncam indiúscartha nó tríd an tomhaltas críochnaitheach iarbhír a asbhaint ón ioncam indiúscartha choigeartaithe.
- 8.43 Is ionann coigilt agus an tsuim (dheimhneach nó dhiúltach) a bhíonn mar thoradh ar idirbhearta reatha a bhunaíonn an nasc le carnadh. I gcás inar coigilt dheimhneach atá ann, úsáidtear ioncam neamhchaite chun sócmhainní a fháil mar éadail nó chun dliteanais a eisíoc. I gcás inar coigilt dhiúltach atá ann, déantar sócmhainní áirithe a leachtú nó tagann méadú ar dhliteanais áirithe.

Tábla 8.8 — Cuntas II.4.1: Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha

Úsáidí											
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11		
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
										B.6g	Ioncam indiúscartha, comhlán
										B.6n	Ioncam indiúscartha, glan
1 399			1 399	32	1 015	352				P.3	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach
1 230			1 230	31	1 015	184				P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair
169			169	1		168				P.32	Caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann
11		0	11	0		0	11	0	D.8	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsín	
427			427	5	215	- 35	14	228	B.8g	Coigilt, comhlán	
205			205	2	192	- 62	2	71	B.8n	Coigilt, glan	
- 13		- 13							B.12	Comhardú seachtrach reatha	

Acmhainní										
		Iontrálacha comhfhreagracha in		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.6g	Ioncam indiúscartha, comhlán	228	25	317	1 219	37	1 826			1 826
B.6n	Ioncam indiúscartha, glan	71	13	290	1 196	34	1 604			1 604
P.3	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach								1 399	1 399
P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair								1 230	1 230
P.32	Caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann								169	169
D.8	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsín				11		11	0		11
B.8g	Coigilt, comhlán									
B.8n	Coigilt, glan									
B.12	Comhardú seachtrach reatha									

Tábla 8.9 — Cuntas II.4.2: Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe

Úsáidí										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
									B.7g	Ioncam indiúscartha choigeartaithe, comhlán
									B.7n	Ioncam indiúscartha choigeartaithe, glan
1 399			1 399	1	1 230	168			P.4	Tomhaltas críochnaitheach iarbhír
1 230			1 230		1 230				P.41	Tomhaltas aonair iarbhír
169			169	1		168			P.42	Tomhaltas comhchoiteann iarbhír
11		0	11	0		0	11	0	D.8	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsín
427			427	5	215	- 35	14	228	B.8g	Coigilt, comhlán
205			205	2	192	- 62	2	71	B.8n	Coigilt, glan
- 13		- 13							B.12	Comhardú seachtrach reatha

Acmhainní										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.7g	Ioncam indiúscartha choigeartaithe, comhlán	228	25	133	1 434	6	1 826			1 826
B.7n	Ioncam indiúscartha choigeartaithe, glan	71	13	106	1 411	3	1 604			1 604
P.4	Tomhaltas críochnaitheach iarbhír								1 399	1 399
P.41	Tomhaltas aonair iarbhír								1 230	1 230
P.42	Tomhaltas comhchoiteann iarbhír								169	169
D.8	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsín					11		11	0	11
B.8g	Coigilt, comhlán									
B.8n	Coigilt, glan									
B.12	Comhardú seachtrach reatha									

Cuntais charntha (III)

- 8.44 Cuntais sreafaí atá sna cuntais charntha. Déanann siad taifeadadh ar na cúiseanna éagsúla le hathruithe ar shócmhainní agus ar dhliteanais aonad agus le hathrú ar a nglanfhiúchas.
- 8.45 Déantar athruithe ar shócmhainní a thaifeadadh ar thaobh clé na gcuntas (móide nó lúide), agus na hathruithe ar dhliteanais agus ar glanfhiúchas ar an taobh deas (móide nó lúide).

Cuntas caipitil (III.1)

- 8.46 Is éard a thaifeadtar sa chuntas caipitil éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhairgeadais ag aonaid chónaitheacha agus déantar an t-athrú ar glanfhiúchas i ngeall ar choigilt (an ítim chomhardaithe dheiridh sna cuntais reatha) agus aistrithe caipitil a thomhas.
- 8.47 Is féidir a chinneadh leis an gcuntas caipitil an méid a maoiníodh éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhairgeadais as coigilt agus aistrithe caipitil. Taispeántar glaniasachtú a chomhfhreagraíonn don tsuim atá ar fáil d'aonad nó d'earnáil chun aonaid eile nó earnálacha eile a mhaoiniú go díreach nó go hindíreach, nó glaniasachtaíocht a chomhfhreagraíonn don tsuim a bhfuil dualgas ar aonad nó ar earnáil a fháil ar iasacht ó aonaid eile nó ó earnálacha eile.

Cuntas athraithe ar glanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil (III.1.1)

- 8.48 Leis an gcuntas seo is féidir an t-athrú ar glanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil a chinneadh, ar athrú é a chomhfhreagraíonn do ghlanchoigilt móide aistrithe caipitil infhála, lúide aistrithe caipitil iníoctha.

Cuntas éadálacha sócmhainní neamhairgeadais (III.1.2)

- 8.49 Déantar taifeadadh sa chuntas seo ar éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhairgeadais chun teacht ar ais ó choincheap an athraithe ar glanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil go glaniasachtú nó glaniasachtaíocht.

Cuntas airgeadais (III.2)

- 8.50 Déantar taifeadadh sa chuntas airgeadais, de réir an chineáil ionstraime airgeadais, ar na hathruithe ar na sócmhainní airgeadais agus ar na dliteanais airgeadais ina bhfuil glaniasachtú nó glaniasachtaíocht. Ós rud é gur cheart go mbeidís ar aon dul le hítimí comhardaithe an bharrachais nó an easnaimh airgeadais sa chuntas caipitil, arna dtabhairt ar aghaidh chuig an gcuntas seo mar an chéad iontráil ar thaobh na n-athruithe ar dhliteanais agus ar glanfhiúchas, níl aon ítim chomhardaithe sa chuntas áirithe seo.
- 8.51 Tá an t-aicmiú ar shócmhainní agus ar dhliteanais a úsáidtear sa chuntas airgeadais cothrom leis an aicmiú a úsáidtear sna cláir chomhardaithe.

Tábla 8.10 — Cuntas III.1.1: Cuntas athraithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrihe caipitil

Athruithe ar shócmhainní										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
									B.8n	Coigilt, glan
									B.12	Comhardú seachtrach reatha
									D.9r	Aistrithe caipitil, infhála
									D.91r	Cánacha caipitil, infhála
									D.92r	Deontais infheistíochta, infhála
									D.99r	Aistrithe caipitil eile, infhála
									D.9p	Aistrithe caipitil, iníochta
									D.91p	Cánacha caipitil, iníochta
									D.92p	Deontais infheistíochta, iníochta
									D.99p	Aistrithe caipitil eile, iníochta
192		- 29	221	20	236	- 81	- 16	62	B.101	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil

Athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
Idirbhearta agus ítimí comhardaithe		Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.8n	Coigilt, glan	71	2	- 62	192	2	205			205
B.12	Comhardú seachtrach reatha							- 13		- 13
D.9r	Aistrithe caipitil, infhála	33	0	6	23	0	62	4		66

Athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	Corparáidí neamhairgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
D.91r	Cánacha caipitil, infhála			2			2			2
D.92r	Deontais infheistíochta, infhála	23	0	0	0	0	23	4		27
D.99r	Aistrithe caipitil eile, infhála	10		4	23		37			37
D.9p	Aistrithe caipitil, iníoctha	-16	-7	-34	-5	-3	-65	-1		-66
D.91p	Cánacha caipitil, iníoctha	0	0	0	-2	0	-2	0		-2
D.92p	Deontais infheistíochta, iníoctha			-27			-27			-27
D.99p	Aistrithe caipitil eile, iníoctha	-16	-7	-7	-3	-3	-36	-1		-37
B.101	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil	88	-5	-90	210	-1	202	-10		192

Tábla 8.11 — Cuntas III.1.2: Cuntas éadálacha sócmhainní neamhairgeadais

Athruithe ar shócmhainní										
	Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11		
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamhairgeadais		Idirbhearta agus ítimí comhardaithe
									B.101	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil
414			414	5	55	38	8	308	P.5g	Ollfhoirmiú caipitil
192			192	2	32	11	-4	151	P.5n	Glanfhoirmiú caipitil
376			376	5	48	35	8	280	P.51g	Ollfhoirmiú caipitil sheasta
359			359	5	48	35	8	263	P.511	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní seasta
358			358	5	45	38	8	262	P.5111	Éadálacha sócmhainní seasta nua
9			9	1	3	0	0	5	P.5112	Éadálacha sócmhainní seasta atá ann cheana
-8			-8	-1	0	-3		-4	P.5113	Diúscairtí sócmhainní seasta atá ann cheana
17			17					17	P.512	Costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe

Athruithe ar shócmhainní										
Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamhairgeadais	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe	
- 222			- 222	- 3	- 23	- 27	- 12	- 157	P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta
28			28	0	2	0	0	26	P.52	Athruithe ar fhardail
10			10	0	5	3	0	2	P.53	Éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara
0			0	1	4	2	0	- 7	NP	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe
0			0	1	3	2	0	- 6	NP.1	Éadálacha lúide diúscairtí acmhainní nádúrtha
0		0	0	0	1	0	0	- 1	NP.2	Éadálacha lúide diúscairtí conarthaí, léasanna agus ceadúnas
0		0	0				0	0	NP.3	Ceannacháin lúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margaíochta
0		- 10	10	- 4	174	- 103	- 1	- 56	B.9	Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-)

Tábla 8.11 — Cuntas III.1.2: Cuntas éadálacha sócmhainní neamhairgeadais (ar lean)

Athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas										
		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		
Idirbhearta agus ítimí comhardaithe		Corparáidí neamhairgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
B.101	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil	88	- 5	- 90	210	- 1	202	- 10		192
P.5g	Ollfhoirmiú caipitil								414	414
P.5n	Glanfhoirmiú caipitil								192	192
P.51g	Ollfhoirmiú caipitil sheasta								376	376
P.511	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní seasta								359	359

Athruithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas

		S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	Iontrálacha comhfhreagracha in		Iomlán
		Corparáidí neamh-airgeadais	Corparáidí airgeadais	An rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	
P.5111	Éadálacha sócmhainní seasta nua								358	358
P.5112	Éadálacha sócmhainní seasta atá ann cheana								9	9
P.5113	Diúscairtí sócmhainní seasta atá ann cheana								- 8	- 8
P.512	Costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe								17	17
P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta								- 222	- 222
P.52	Athruithe ar fhardail								28	28
P.53	Éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara								10	10
NP	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe								0	0
NP.1	Éadálacha lúide diúscairtí acmhainní nádúrtha								0	0
NP.2	Éadálacha lúide diúscairtí conarthaí, léasanna agus ceadúnas									
NP.3	Ceannacháin lúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margaíochta									
B.9	Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-)									

Tábla 8.12 — Cuntas III.2: Cuntas airgeadais

Athruithe ar shócmhainní

Iomlán	Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11	Iomlán	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe
	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		
									B.9	Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-)
483		47	436	2	189	- 10	172	83	F	Éadálacha sócmhainní airgeadais, glan

Athruithe ar shócmhainní

Iomlán	Iontrálacha comhfhreagracha in		S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11	F.1	Idirbhearta agus ítimí comhardaithe
	Cuntas earraí agus seirbhísí	An chuid eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	An rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamh-airgeadais		
0		1	- 1					- 1	F.1	Ór airgeadaíochta agus CTSanna
0		1	- 1					- 1	F.11	Ór airgeadaíochta
0		0	0					0	F.12	CTSanna (cearta tarraingthe speisialta)
100		11	89	2	64	- 26	10	39	F.2	Airgeadra agus taiscí
36		3	33	1	10	2	15	5	F.21	Airgeadra
28		2	26	1	27	- 27	- 5	30	F.22	Taiscí inaistrithe
- 5			- 5				- 5		F.221	Suíomhanna idirbhainc
9.10 Tugann an chuid is mó den fhaisnéis is féidir a fháil ó aonaid táirgthe le fios na cineálacha táirgí atá táirgthe agus díolta acu agus, i bhfoirm nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna de ghnáth, na cineálacha táirgí atá ceannaithe agus úsáidte acu. Leagtar amach na táblaí soláthair agus úsáide sa chaoi is go mbeidh siad oiriúnach don chineál sin faisnéise staidrimh (i.e. táirgí arna n-úsáid de réir tionscail).

9.11 I gcodarsnacht leis sin, ní minic a bhíonn faisnéis den chineál táirge ar tháirge ná den chineál tionscail ar thionscal ar fáil, faisnéis a bhfuil gá léi don tábla siméadrach ionchuir-aschuir. Mar shampla, soláthraíonn suirbhéanna ar thionscail faisnéis, de ghnáth, faoi na cineálacha táirgí a úsáideadh le linn táirgthe, agus faoi na táirgí a táirgeadh agus a díoladh. Ní bhíonn faisnéis maidir le hionchur a úsáideadh chun táirgí sonracha a dhéanamh ar fáil de ghnáth.

9.12 Is í an fhaisnéis atá leagtha amach i bhfoirm táblaí soláthair agus úsáide an túsphointe chun táblaí ionchuir-aschuir, de chineál níos anailísí, a chur i dtoll a chéile. Is féidir an fhaisnéis faoi thionscail de réir táirge atá sna táblaí soláthair agus úsáide a thiontú go táblaí siméadracha trí bhíthin faisnéis bhreise faoin struchtúr ionchuir a chur leo, nó trí ghlacadh leis go bhfuil struchtúir ionchuir chomhionanna de réir táirge nó de réir tionscail ann.

9.13 Tá trí ról éagsúla comhcheangailte sna táblaí soláthair agus úsáide agus sa chreat ionchuir-aschuir:

- tuairisc,
- uirlis staidrimh,
- uirlis anailíse.

TUAIRISC

9.14 Tugann táblaí soláthair agus úsáide tuairisc chórasach ar ghiniúint ioncaim agus ar sholáthar táirge agus ar úsáid de réir tionscail. Déantar forbairtí ar ionchur agus ar aschur na bpróiseas táirgthe atá ag tionscail aonair a léiriú i gcomhthéacs an gheilleagair náisiúnta, i.e. nasctha le próisis táirgthe tionscal intíre eile agus na coda eile den domhan agus caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach.

Ról mór atá ag na táblaí soláthair agus úsáide is ea athruithe ar struchtúr an gheilleagair a léiriú, e.g. athruithe ar thábhacht tionscal éagsúil, athruithe ar an ionchur arna úsáid agus ar an aschur arna tháirgeadh agus athruithe ar chomhdhéanamh an chaiteachais ar thomhaltas críochnaitheach, an ollfhoirmithe caipitil, allmhairí agus onnmhairí. Féadfaidh athruithe den sórt sin forbairtí a léiriú amhail domhandú, foinsiú allamuigh, nuálaíocht agus athruithe ar chostais saothair, cánacha, praghsanna ola agus rátaí malairte.

Úsáidtear táblaí soláthair agus úsáide i bpraghsanna na bliana roimhe sin chun staidreamh a thiomnú maidir le fás mhéid an OTI, chun tuairisc a dhéanamh ar athruithe ar struchtúr eacnamaíoch i dtéarmaí ainmniúla nó i dtéarma méideanna. Ina theannta sin, soláthraíonn siad creat chun athruithe ar phraghsanna náisiúnta agus athruithe ar chostais saothair a chur i láthair.

UIRLIS STAIRIMH

9.15 Trí fhaisnéis maidir le táirgeadh, caiteachas agus ioncam a úsáid agus táblaí soláthair agus úsáide á gcur i dtoll a chéile, agus trí mheastacháin neamh-chomhsheasmhacha a réiteach, gintear sraith cuntas náisiúnta atá iontaofa agus comhardaithe, lena n-áirítear na meastacháin ar phríomh-chomhiomláin amhail OTI ag praghsanna reatha agus ag praghsanna na bliana roimhe sin.

9.16 Agus OTI ag praghsanna margaidh á thomhas, is féidir trí chur chuige bhunúsacha a ghlacadh: cur chuige an táirgthe, cur chuige an chaiteachais agus cur chuige an ioncaim. Úsáidtear na trí chur chuige éagsúla sin mar seo a leanas chun na táblaí soláthair agus úsáide a thiomnú.

- (a) De réir chur chuige an táirgthe, tá OTI ag praghsanna margaidh cothrom le haschur ag bunphraghsanna lúide tomhaltas idirmheánach ag praghsanna ceannaitheoirí, móide cánacha (lúide fóirdheontais) ar tháirgí.
- (b) De réir chur chuige an chaiteachais, tá OTI ag praghsanna margaidh cothrom le suim na gcatagóirí úsáidí críochnaitheacha lúide allmhairí: caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach + ollfhoirmiú caipitil + onnmhairí – allmhairí.
- (c) De réir chur chuige an ioncaim, tá OTI ag praghsanna margaidh cothrom le cúiteamh d'fhostaithe móide ídiú an chaipitil sheasta móide cánacha eile lúide fóirdheontais ar tháirgeadh móide glanbharrachas oibriúcháin/ioncam measctha móide cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí.

Déantar meastachán aonair ar OTI ag praghsanna margaidh a dhíorthú nuair a chomhardaítear na táblaí soláthair agus úsáide.

9.17 Bíonn na táblaí soláthair agus úsáide fóna go háirithe chun meastachán a dhéanamh ar OTI ag praghsanna margaidh de réir chur chuige an táirgthe agus chur chuige an chaiteachais. Is iad na mórfhoinsí sonraí chuige sin ná suirbhéanna gnó agus sonraí riaracháin amhail taifid CBL agus dleachtanna máil. Úsáidtear táblaí soláthair agus úsáide freisin chun faisnéis ó chur chuige an táirgthe agus ó chur chuige an chaiteachais a chomhcheangal trí sholáthar agus úsáid ar leibhéal an táirge a ríomh agus a chomhardú. De réir an mhodha sin, déantar soláthar táirge shonraigh a ríomh agus ansin leithdháiltear é ar úsáidí éagsúla, amhail caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach teaghlach, ídiú idirmheánach agus onnmhairí. Níl an cleachtas urrúnta céanna maidir le comhardú i gceist le modh an ioncaim, toisc go ndéantar meastachán mar iarmharach, de ghnáth, ar bharrachas oibriúcháin agus ar ioncam measctha bunaithe ar fhaisnéis ón dá chur chuige eile. Leis an modh sin, áfach, feabhsaítear comhardú i gceist le modh an ioncaim do tháblaí soláthair agus úsáide nuair a fhéadtar meastachán a dhéanamh ar struchtúr chomhpháirteanna an ioncaim factóra. Is féidir comhsheasmhacht táblaí soláthair agus úsáide leis na cuntais eárnála a sheiceáil trí tháblaí nascála mar atá léirithe i dTábla 9.3. Féadtar cúnaimh a bhaint as an nascáil sin agus codarsnacht a déanamh ar OTI ag praghsanna margaidh, trí fhaisnéis ó chuntais bhrabúis agus chaillteanais cuideachtaí a chur i gcomparáid leis na meastacháin choibhéseacha ó thionscail.

9.18 Tá feidhmeanna éagsúla staidrimh ag na táblaí soláthair agus úsáide:

- (a) bearnaí agus neamhréireachtaí a aimsiú i bhfoinsí sonraí;

- (b) meastacháin a dhéanamh de réir iarmharaigh, mar shampla meastachán a dhéanamh ar thomhaltas críochnaitheach táirgí áirithe mar iarmharach tar éis úsáidí eile na dtáirgí a leithdháileadh;
- (c) meastacháin a dhéanamh trí fhigiúirí a eachtarshuí ó bhuntréimhse go tréimhsí níos déanaí nach bhfuil faisnéis atá chomh hiontaofa céanna ar fáil dóibh. Mar shampla, féadfar figiúirí bliantúla a mheas ar bhonn na bhfigiúirí mionsonraithe soláthair agus úsáide le haghaidh bliana tagarmhairc, agus féadfar figiúirí ráithiúla ina dhiaidh sin a mheas trí eachtarshuí a dhéanamh ón tréimhse thagartha;
- (d) comhsheasmhacht, creatúlacht agus iomláine na bhfigiúirí sna táblaí soláthair agus úsáide agus figiúirí arna ndíorthú uathu amháin na figiúirí sna cuntais táirgeachta a sheiceáil agus a fheabhsú. Chuige sin, níl an próiseas comhardaithe teoranta do tháblaí soláthair agus úsáide ag praghsanna reatha:
- (1) le cúnaimh na dtáblaí, amháin Tábla 9.3, a léiríonn an nasc leis na cuntais earnála, is féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir meastacháin an táirgthe, an chaiteachais agus an ioncaim ón gcóras soláthair agus úsáide, agus iad siúd ó fhoinsí neamhspleácha a úsáidtear sna cuntais earnála. Ráthaítear trí réiteach ag an gcéim sin go mbeidh comhsheasmhacht ann, tar éis an phróisis chomhardaithe soláthair agus úsáide, idir na táblaí soláthair agus úsáide agus cuntais na n-earnálacha;
 - (2) trí na táblaí siméadracha ionchuir-aschuir a dhíorthú ó na táblaí soláthair agus úsáide, féadtar aiseolas a fháil a léiríonn pointí míréireachta agus laige sna táblaí soláthair agus úsáide;
 - (3) trí tháblaí soláthair agus úsáide ag praghsanna reatha agus i dtéarmaí méideanna a thiomsú i gcomhair dhá bhliain nó níos mó, is féidir meastacháin ar athruithe ar mhéideanna, ar luachanna agus ar phraghsanna a chomhardú an tráth céanna: i gcomparáid le táblaí soláthair agus úsáide a thiomsú agus a chomhardú i gcomhair aon bhliana amháin ar leithligh, cuireann sé sin go mór le héifeachtacht an chreata soláthair agus úsáide;
- (e) uimhreacha innéacs agus aonaid tomhais praghsanna agus méideanna a ualú agus a ríomh, e.g. maidir le holltáirgeacht intíre trí úsáidí críochnaitheacha de réir táirge a dhíbhoilsciú nó trí mhodh an díbhoilscithe dhúbailte a chur i bhfeidhm de réir tionscail. Déantar díbhoilsciú ar an leibhéal is ísle is féidir de chomhiomlánú idirbheart, i gcomhréir le meastacháin iontaofa ar ghluaiseachtaí praghais, ar na cúiseanna seo a leanas:
- (1) go ginearálta, is ionadaíche a bheidh táscairí praghais agus méid agus iad ag leibhéal íseal comhiomlánaithe;
 - (2) is fearr is féidir athrú cáilíochta a thomhas ag leibhéal comhiomlánaithe níos ísle, e.g. is féidir athruithe ar chomhdhéanamh an tsoláthair nó úsáid grúpa táirgí a chur san áireamh;
 - (3) is de chineál Laspeyres iad go minic na hinnéacsanna praghsanna atá ar fáil ó staidreamh praghsanna. Níl an oiread céanna tábhachta ag an agóid go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm in ionad innéacsanna de chineál Paasche, atá níos oiriúnaí go teoiriciúil, má úsáidtear iad ag leibhéal íseal comhiomlánaithe.

Tá sé níos éasca soláthar agus úsáid táirge a chomhardú má shainithnítear líon níos airde táirgí agus má tá na sonraí foinseacha ar fáil ar an leibhéal mionsonraí sin. Beidh na torthaí comhardaithe de cháilíocht níos airde; is fíor sin go háirithe sa chás go bhfuil bearnaí sna sonraí.

UIRLIS ANAILÍSE

9.19 Buntáiste mór anailíseach de chuid na dtáblaí ionchuir-aschuir is ea go gceadaíonn siad ní amháin iarmhairtí den chéad ord a thomhas nuair atá athruithe ann ar phraghsanna fuinnimh nó ar chostais saothair mar shampla, ach iarmhairtí den dara hord nó iarmhairtí níos indíriúla a thomhas freisin. Mar shampla, ní amháin go ndéanfaidh méadú mór ar phraghsanna fuinnimh difear do na tionscail sin a bhaineann dian-úsáid as fuinneamh, ach freisin do na tionscail sin a úsáideann aschur na dtáirgeoirí atá dian ar fhuinneamh. Is féidir le hiarmhairtí indíreacha den sórt sin a bheith an-ábhartha, mar uaireanta bíonn siad níos tábhachtaí ná iarmhairtí díreacha.

LÉARGAS NÍOS MIONSONRAITHE AR THÁBLAÍ SOLÁTHAIR AGUS ÚSÁIDE

Aicmithe

9.20 Is é NACE an t-aicmiú a úsáidtear le haghaidh tionscal i dtáblaí soláthair, úsáide agus ionchuir-aschuir agus is é CPA an t-aicmiú a úsáidtear le haghaidh táirgí; tagann an dá aicmiú sin go hiomlán le chéile: ag gach leibhéal comhiomlánaithe, taispeánann CPA príomhtháirgí na dtionscal de réir NACE.

- 9.21 Sna táblaí soláthair agus úsáide, tá an t-aicmiú ar tháirgí chomh mionsonraithe céanna, ar a laghad, agus an t-aicmiú ar thionscail, e.g. leibhéal trí dhigit CPA agus leibhéal dhá dhigit NACE.
- 9.22 Is féidir aicmithe tionscal agus táirgí a bhunú ar thrí chineál éagsúla critéar: critéir an tsoláthair, critéir an éilimh agus méid. Le hanailís a dhéanamh ar tháirgiúlacht, déantar táirgí agus a dtáirgeoirí, i bprionsabal, a aicmiú de réir an chineáil próisis táirgthe. Le hanailís a dhéanamh ar éileamh, déantar na táirgí a aicmiú de réir chosúlacht na gcríoch atá leo, mar shampla déantar só-earraí a ghrúpáil le chéile, nó de réir chosúlacht an ghaoil mhargaíochta, amhail an cineál ionaid díola. Le hanailís a dhéanamh ar ionchur-aschur, úsáidtear an t-aicmiú céanna táirgí nó tionscal i gcás an tsoláthair agus an éilimh. Sainítear an t-aicmiú sa chaoi nach mbeidh méid gach aicme ar leith ina sciar róbheag nó rómhór den gheilleagar náisiúnta. I gcás aicmithe idirnáisiúnta, ciallaíonn an méid sin gur suntasach tábhacht chainníochtúil fhorfhór na n-aicmí in a lán tíortha.
- 9.23 Is ar mheascán de chritéir den sórt sin agus ar iarmhairtí na staire atá na haicmithe de réir tionscail agus de réir táirge sna cuntais náisiúnta bunaithe. Is ó dhearcadh na dtáirgeoirí a shaintear iad go príomha, agus níl siad chomh hoiriúnach céanna chun soláthar agus éileamh a anailísiú. Ba cheart tuiscint mhaith a bheith ag comhthiomsóirí agus úsáideoirí shonraí na gcuntas náisiúnta a bhaineann le tionscail agus le táirgí ar a bhfuil ar áireamh agus ar a bhfuil as áireamh i ngach ceann de na grúpaí agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Mar shampla, tá seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe ar áireamh i ngníomhaíochtaí eastáit réadaigh agus tá cistí slándála sóisialta as áireamh i dtionscal an árachais.
- 9.24 Is féidir próisis táirgthe dhifriúla a bheith ag na APGanna (aonaid phríomhghníomhaíochta) áitiúla laistigh d'aon tionscal amháin. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh de bharr éagsúlachtaí móra i gcomhtháthú ingearach, agus gníomhaíochtaí coimhdeacha amhail glantóireacht, iompar, riarachán agus seirbhísí ceaintín arna dtabhairt ar conradh, innealra arna fháil ar cíos, saothar arna fháil ar conradh trí ghníomhaireachtaí fostaíochta sealadacha, agus margáíocht. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh de bharr difríochtaí idir táirgeoirí dleathacha agus neamhdhleathacha nó idir táirgeoirí i réigiúin éagsúla.
- 9.25 Mar gheall ar an tábhacht eacnamaíoch athraitheach a bhaineann le táirgí agus tionscail éagsúla, agus mar gheall ar athruithe ar phróisis táirgthe agus ar tháirgí nua, déantar na haicmithe de réir tionscail agus de réir táirge a uasdátú go rialta. Ní mór cothromaíocht a aimsiú, áfach, idir bheith ar an eolas faoi athruithe sa gheilleagar, agus an gá sonraí atá incomparáide thar thréimhse ama a fháil mar aon leis na costais a bhaineann le hathruithe móra den sórt sin do tháirgeoirí agus úsáideoirí na sonraí.
- 9.26 Bíonn an t-aicmiú ar tháirgí níos mionsonraithe ná an t-aicmiú ar thionscail sna táblaí soláthair agus úsáide go ginearálta. Tá ceithre phríomhchúis leis sin:
- (a) bíonn na sonraí atá ar fáil faoi tháirgí i bhfad níos mionsonraithe ná na sonraí faoi thionscail go minic;
 - (b) féadfaidh aschur saintréitheach tionscail amháin a bheith faoi réir córas cánach agus praghsanna a bhfuil difríocht mhór ag baint leo, mar shampla i gcás idirdhealú praghsanna. Déanann sé leas an chomhthiomsaithe agus an anailísithe nuair a dhéantar táirgí éagsúla a shainaithint;
 - (c) d'fhonn ardcháilíocht a cheadú maidir le díbhóilsciú agus meastachán ar bhearta i dtéarmaí méideanna, tá na grúpaí táirgí aonchineálach agus nasctha go maith leis na díbhóilsceoirí praghsanna atá ar fáil;
 - (d) lena áirithiú go bhfuil próiseas an chomhthiomsaithe trédhearcach, is gá táirgí ar leith a bheith ann d'fhonn an ról atá ag príomhghnásanna sonracha cuntas náisiúnta a léiriú, amhail seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe, árachas agus aschur margaidh agus neamh-mhargaidh na n-aonad rialtais.
- 9.27 Ní bhaintear úsáid as an idirdhealú idir aschur margaidh, aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse agus aschur neamh-mhargaidh ach amháin i gcomhair an aschuir iomláin de réir tionscail; níl an t-idirdhealú riachtanach i gcomhair gach grúpa táirgí.
- 9.28 Ní úsáidtear an t-idirdhealú idir táirgeoirí margaidh, táirgeoirí táirgí chun críche úsáide críochnaithí dílse agus táirgeoirí neamh-mhargaidh i gcás tionscail ach amháin nuair atá cineálacha éagsúla táirgeoirí den sórt sin i láthair laistigh den tionscal céanna. Go ginearálta, ní úsáidtear an t-idirdhealú sin, dá bhrí sin, ach chun líon an-teoranta tionscal a fho-aicmiú amhail cúram sláinte agus oideachas.
- 9.29 D'fhonn anailís a dhéanamh ar gheilleagar Ballstát ó dhearcadh Eorpach nó d'fhonn táblaí soláthair agus úsáide don AE ina iomláine a dhíorthú, déantar allmhairí agus onnmhairí a fhoroinnt mar seo a leanas:
- (a) sreafaí laistigh den AE, lena ndéantar idirdhealú idir sreafaí laistigh den Aontas Airgeadaíochta Eorpach agus le Ballstáit eile;
 - (b) allmhairí agus onnmhairí le tíortha nach bhfuil.

Prionsabail luachála

9.30 Sa tábla soláthair, luacháiltear sreafaí earraí agus sreafaí seirbhísí ag na bunphragsanna. Sa tábla úsáide, luacháiltear sreafaí earraí agus sreafaí seirbhísí ag pragsanna na gceannaitheoirí. D'fhonn luacháil chomhsheasmhach a fháil do na táblaí soláthair agus úsáide, léirítear i dTábla 9.5 an t-aistriú ó sholáthar ag na bunphragsanna go soláthar ag pragsanna na gceannaitheoirí. Ós rud é go bhfuil soláthar cothrom le húsáid i gcás táirgí, is fíor an dá chomhionannas seo a leanas:

(a) tá soláthar ag pragsanna na gceannaitheoirí cothrom le húsáid ag pragsanna na gceannaitheoirí;

(b) tá soláthar ag na bunphragsanna cothrom le húsáid ag na bunphragsanna.

9.31 Déantar oll-bhreisluch a thairgeadh ag na bunphragsanna. Is éard atá ann an t-aschur arna luacháil ag na bunphragsanna lúide tomhaltas idirmheánach arna luacháil ag pragsanna na gceannaitheoirí.

9.32 Níl oll-bhreisluch ag costas fachtóra ina choincheap a úsáidtear CEC. Féadtar é a dhíorthú ón mbreisluch ag na bunphragsanna trí chánacha eile (lúide fóirdheontais) ar tháirgeadh a asbhaint.

9.33 Baineann an méid seo a leanas leis an aistriú ó na bunphragsanna go pragsanna na gceannaitheoirí maidir le soláthar:

(a) corrlaigh trádala a ath-leithdháileadh;

(b) corrlaigh iompair a ath-leithdháileadh;

(c) cánacha ar tháirgí a shuimiú (cé is moite de CBL asbhainteach);

(d) fóirdheontais ar tháirgí a asbhaint.

Baineann aistriú den sórt céanna le húsáid ag pragsanna na gceannaitheoirí a chlaochlú ina húsáid ag bunphragsanna; is ionann sin agus cánacha ar tháirgí a asbhaint agus fóirdheontais ar tháirgí a chur leis, áfach. Tá an t-aistriú léirithe ar dhóigh níos mionsonraithe i dTábla 9.8 agus i dTábla 9.9. Úsáidtear na táblaí sin chun críoch anailiseach freisin, amhail anailís ar phragsanna agus anailís ar na hiarmhairtí a bhíonn ag athruithe ar rátaí cánacha ar tháirgí.

9.34 Ar an dóigh sin, faightear na táblaí seo a leanas de thoradh phróiseas an chomhardaithe:

(a) táblaí soláthair agus úsáide 9.5 agus 9.6 lena léirítear na torthaí críochnaitheacha ar an gcomhardú a dhéantar ar iomlán an tsoláthair agus na húsáide de réir táirge ag pragsanna na gceannaitheoirí;

(b) táblaí maidir le corrlaigh trádala agus iompair (Tábla 9.7) agus maidir le cánacha (lúide fóirdheontais) ar tháirgí (Tábla 9.8).

Tábla 9.5 — Tábla soláthair ag na bunphragsanna, agus an t-aistriú go pragsanna na gceannaitheoirí

Soláthairtí	Tionscail (NACE) 1 - 2 - 3 - 4 - ...	An chuid eile den domhan	Soláthar iomlán ag na bunphragsanna	Corrlaigh trádala agus iompair	Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí	Soláthar iomlán ag pragsanna na gceannaitheoirí
Táirgí (CPA)	Aschur de réir táirge agus tionscail	Allmhairí de réir táirge (CAL)	Soláthar iomlán de réir táirge			
1						
2						
3						
4						
Iomlán	Aschur iomlán de réir tionscail			0		
Aschur margaidh				0		
Aschur chun críche úsáide críochnaithe dílse		0		0		
Aschur neamh-mhargaidh		0		0		

Tábla 9.6 — Tábla úsáide ag praghsanna na gceannaitheoirí

Úsáidí	Tionscail (NACE) 1 - 2 - 3 - 4 - ...	Tomhaltas críochnaitheach	Ollfhoirmiú caipitil	An chuid eile den domhan	Iomlán
Táirgí (CPA) 1 2 3 4 ...	Tomhaltas idirmheánach táirgí de réir tionscail	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach de réir táirge agus de réir (a) teaghlaigh (b) INBFT (c) rialtas	Ollfhoirmiú caipitil de réir táirge agus de réir (a) ollfhoirmiú caipitil sheasta (b) athruithe ar earraí luachmhara (c) athruithe ar fhardail	Onnmhairí de réir táirge (SAB)	Úsáid iomlán de réir táirge
Iomlán	Tomhaltas idirmheánach iomlán de réir tionscail	Tomhaltas críochnaitheach iomlán	Ollfhoirmiú caipitil iomlán	Onnmhairí iomlána	Úsáid iomlán na dtáirgí
Cúiteamh d'fhostaithe Cánacha eile lúide fóirdheontais ar tháirgeadh Ídiú an chaipitil sheasta Glanbharrachas oibriúcháin Ioncam measctha	Comhpháirteanna an oll-bhreislúacha de réir tionscail				
Iomlán	Ionchur iomlán de réir tionscail				
Faisnéis fhorlíontach Ollfhoirmiú caipitil sheasta Stoc caipitil sheasta Fostaíocht					

Corrلاigh trádála agus iompair

Tábla 9.7 — Corrلاigh trádála agus iompair — soláthar

	Corrلاigh trádála agus iompair ar sholáthar táirgí			Corrلاigh trádála agus iompair
	Trádáil mhórdhíola	Trádáil mhiondíola	Iompar	
Táirgí (CPA) 1 2 3 4				Corrلاigh trádála agus iompair ar sholáthar iomlán de réir táirge
Iomlán	Trádáil mhórdhíola iomlán	Trádáil mhiondíola iomlán	Iompar iomlán	Corrلاigh iomlána ar sholáthar de réir táirge

Tábla 9.7 — Corrlaigh trádála agus iompair — úsáid (ar lean)

		Corrlaigh trádála agus iompair ar úsáid táirgí				
		Tionscail (NACE) 1 - 2 - 3 - 4 - ...	Thomhaltas críochnaitheach	Ollfhoirmiú caipitil	Onnmhairí	Corrlaigh trádála agus iompair
Táirgí (CPA)		Corrlaigh trádála agus iompair ar thomhaltas idirmheánach de réir táirge agus de réir tionscail	Corrlaigh trádála agus iompair ar thomhaltas idirmheánach de réir táirge agus de réir (a) teaghlaigh (b) INBFT (c) rialtas	Corrlaigh trádála agus iompair ar ollfhoirmiú caipitil sheasta de réir táirge agus de réir (a) ollfhoirmiú caipitil sheasta (b) athruithe ar earraí luachmhara (c) athruithe ar fhardail	Corrlaigh trádála agus iompair ar onnmhairí	Corrlaigh trádála agus iompair ar úsáid iomlán de réir táirge
Iomlán		Corrlaigh trádála agus iompair ar thomhaltas idirmheánach, iomlán de réir tionscail	Corrlaigh iomlána trádála agus iompair ar thomhaltas críochnaitheach	Corrlaigh iomlána trádála agus iompair ar ollfhoirmiú caipitil	Corrlaigh iomlána trádála agus iompair ar onnmhairí	Corrlaigh trádála agus iompair ar úsáid de réir táirge

- 9.35 Cuid d'aistriú táblaí soláthair ó bhunphragsanna go pragsanna na gceannaitheoirí, agus táblaí úsáide ag pragsanna na gceannaitheoirí go bunphragsanna, is ea ath-leithdháileadh corrlach trádála. Tugann luacháil ag na bunphragsanna le tuiscint go ndéantar na corrlaigh trádála a thairgeadh mar chuid de thrádáil an táirge, agus tugann luacháil ag pragsanna na gceannaitheoirí le tuiscint go ndéantar na corrlaigh trádála a leithdháileadh ar na táirgí lena mbaineann siad. Tá cás na gcorrlach iompair mar an gcéanna.
- 9.36 Tá iomlán na gcorrlach trádála de réir táirge cothrom le hiomlán na gcorrlach trádála de réir tionscail trádála móide na corrlaigh trádála de réir tionscail eile. Tá an comhionannas céanna fíor i gcás na gcorrlach iompair.
- 9.37 Ar áireamh i gcorrlaigh iompair tá costais iompair arna n-íoc ar leithligh ag an gceannaitheoir agus atá ar áireamh in úsáid táirgí ag pragsanna na gceannaitheoirí ach gan a bheith ar áireamh sna bunphragsanna ar aschur monaróra ná i gcorrlaigh trádála mórdhíoltóirí nó miondhíoltóirí. Áirítear an méid seo a leanas go háirithe i gcorrlaigh iompair:
- iompar earraí ón áit ina monaraítear iad go dtí an áit ina nglacfaidh an ceannaitheoir lena seachadadh, i gcás ina n-íocfaidh an monaróir tríú páirtí as iad a iompar, agus ar choinníoll go ndéantar an tsuim sin a shonrasc ar leithligh don cheannaitheoir;
 - iompar earraí arna eagrú ag an monaróir nó ag an mórdhíoltóir nó an miondhíoltóir ar bhealach ina bhfuil ar an gceannaitheoir íoc ar leithligh as na costais iompair fiú má iompraíonn an monaróir nó an mórdhíoltóir nó an miondhíoltóir féin na hearraí.
- 9.38 Ní dhéantar aon chostas eile a bhaineann le hiompar earraí a thairgeadh mar chorrulaigh iompair, e.g.:
- má iompraíonn an monaróir na hearraí é féin, bheadh costais iompair den sórt sin le háireamh i mbunphragsanna aschur an mhonaróra; gníomhaíocht choimhdeach is ea an t-iompar sin agus ní bheadh na costais éagsúla a bhaineann le hiompar inaitheanta mar chostais iompair;
 - má eagraíonn an monaróir go n-iomprófar na hearraí gan sonrasc ar leith a eisiúint i leith na seirbhísí iompair, áireofaí na costais iompair den sórt sin i mbunphragsanna aschur an mhonaróra; bheadh costais iompair den sórt sin inaitheanta mar chostais den sórt sin agus dhéanfaí iad a thairgeadh mar chuid de thomhaltas idirmheánach an mhonaróra;
 - má eagraíonn mórdhíoltóirí nó miondhíoltóirí go n-iomprófar earraí ón áit a nglacann siad lena seachadadh go dtí an áit a nglacann ceannaitheoir eile lena seachadadh, áireofaí na costais a bhaineann leis an gcorrlaigh trádála mura ngearrfar aon mhúirear ar leith as an iompar ar an gceannaitheoir. Arís, mar is amhlaidh i gcás monaróirí, is gníomhaíocht choimhdeach mórdhíoltóirí agus miondhíoltóirí nó ceannach seirbhíse idirmheánaí atá i gceist leis na costais den sórt sin, agus dá bhrí sin áirítear iad i gcorrlaigh trádála seachas i gcorrlaigh iompair;

(d) má cheannaíonn teaghlach earraí chun críche tomhaltais chríochnaithigh agus má eagraíonn sé go n-íompróidh tríú páirtí iad, déantar na costais iompair a bhaineann leis a thaifeadadh mar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach i leith seirbhísí iompair agus ní áirítear iad sna corrlaigh trádála ná sna corrlaigh iompair.

9.39 I dTábla 9.7 léirítear mairtís shimplithe de chorrlaigh trádála agus iompair, ar na cúiseanna seo a leanas:

- (a) nuair a dhéantar na húsáidí a chlaochlú, is gá idirdhealú a dhéanamh idir trádáil mhórdhíola agus trádáil mhiondíola chun an difríocht idir a bpraghsanna a chur san áireamh. Agus na táblaí á dtarraingt suas, ba cheart a choimeád i gcuimhne go ndíolann trádálaithe mórdhíola díreach le teaghlaigh mar aon le tionscail, troscán mar shampla, agus go ndíolann trádálaithe miondíola díreach le tionscail, amháil caifí agus bialanna, mar aon le teaghlaigh;
- (b) le linn ríomh agus anailís a dhéanamh ar chorrlaigh trádála ar tháirgí chun caiteachais ar thomhaltas críochnaitheach teaghlach, d'fhéadfaí na bealaí dáileacháin is tábhachtaí a aithint i gcomhair gach grúpa táirgí chun na difríochtaí idir a bpraghsanna a chur san áireamh; níl an t-idirdhealú idir trádáil mhórdhíola agus trádáil mhiondíola mionsonraithe go leor. Mar shampla, is féidir le teaghlaigh earraí agus seirbhísí a cheannach in ollmhargadh, i siopa an ghrósaera, i siopa bláthanna, i stór ilrannach, ar an gcoigríoch nó iad a fháil i bhfoirm ioncaim chomhchineáil. I gcás táirgí áirithe, tá díolacháin thánaisteacha tábhachtach, i gcás díolacháin toitíní ag caifí, bialanna agus stáisiúin pheitрил. Coigeartaítear díolacháin miondíoltóirí chun luach na ndíolachán le teaghlaigh a fháil, mar shampla ba ceart díolacháin le gnóthais, leis an rialtas agus le turasóirí a asbhaint. Ar ndóigh, ní féidir idirdhealuithe dá leithéidí a thabhairt isteach ach amháin má thugann na foinsí sonraí a bhfuil fáil orthu a ndóthain faisnéise chun meastacháin a dhéanamh ar thábhacht gach bealaigh dáileacháin. Fiú i gcás aon trádálaí nó iompróra amháin, bíonn corrlaigh éagsúla ag táirgí éagsúla. Is oiriúnaí sonraí maidir le corrlaigh de réir cineáil táirge, agus úsáidtear iad má tá siad ar fáil;
- (c) agus corrlaigh iompair á ríomh, bíonn idirdhealú de réir cineáil iompair fóna, amháil iompar d'iarfnód, d'aer, ar muir, d'uiscebhealaí intíre, agus de bhóthar.

Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgeadh agus ar allmhairí

9.40 Is éard atá i gceist le cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí:

- (a) cánacha ar tháirgí (D.21):
- (1) cánacha de chineál breisluacha (CBL) (D.211);
 - (2) cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh (D.212);
 - (3) cánacha ar tháirgí, ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí (D.214);
- (b) cánacha eile ar tháirgeadh (D.29).

Déantar catagóirí dá samhail a aithint i gcás fóirdheontas.

9.41 Tá cánacha eile lúide fóirdheontais ar tháirgeadh san áireamh i soláthar ag na bunphraghsanna. D'fhonn an t-aistriú ó na bunphraghsanna go praghsanna na gceannaitheoirí a dhéanamh, cuirtear cánacha éagsúla ar tháirgeadh leo agus asbhaintear na fóirdheontais ar tháirgeadh.

Tábla 9.8 — Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí

Cánacha lúide fóirdheontais ar sholáthar

	Cánacha lúide fóirdheontais ar sholáthairtí						Iomlán na gcánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí
	CBL	Cánacha ar allmhairí		Cánacha eile ar tháirgí	Fóirdheontais ar allmhairí	Fóirdheontais eile ar tháirgí	
Táirgí (CPA)							Cánacha lúide fóirdheontais ar sholáthar iomlán de réir táirge agus de réir úsáide
1							
2							
3							
4							
Iomlán							

Tábla 9.8 — Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí (ar lean)

Cánacha lúide fóirdheontais ar úsáidí

	Iomlán na gcánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí	Cánacha lúide fóirdheontais ar úsáidí táirgí
		Tionscail (NACE) 1 - 2 - 3 - 4 -
Táirgí (CPA)	Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí d'úsáidí críochnaitheacha:	Cánacha lúide fóirdheontais ar thomhaltas idirmheánach táirgí de réir tionscail
1	Tomhaltas críochnaitheach	
2	(a) teaghlaigh	
3	(b) INBFT	
4	(c) rialtas	
	Ollfhoirmiú caipitil:	
	(d) ollfhoirmiú caipitil sheasta	
	(e) athruithe ar earraí luachmhara	
	(f) athruithe ar fhardail	
	Onnmhairí	

9.42 Tá Tábla 9.8 maidir le cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí simplithe mar seo a leanas:

(a) i gcás úsáide táirgí, níl cineálacha éagsúla cánacha ar tháirgí idirdhealaithe óna chéile agus ní thaispeántar fóirdheontais ar bhonn leithleach; i gcás soláthair táirgí, ní dhéantar ach trí chineál cánacha ar tháirgí agus dhá chineál fóirdheontais a idirdhealú. Go ginearálta, is fóna gach príomhchineál cánach nó fóirdheontais ar tháirgí a léiriú ar bhonn leithligh, agus an t-iomlán a leithdháileadh ansin ar na grúpaí táirgí éagsúla;

(b) is féidir le rátaí éagsúla cánach agus fóirdheontais éagsúla a bheith infheidhme maidir le bealaí dáileacháin éagsúla; ba cheart na bealaí sin a idirdhealú, dá bhrí sin, nuair atá faisnéis ábhartha agus leordhóthanach ar fáil.

9.43 Is ionann cánacha agus fóirdheontais ar tháirgí agus na suimeanna atá dlite le híoc má tá measúnuithe cánach, dearbhuithe cánach, etc. mar fhianaise leo, nó na suimeanna a íocadh iarbhrí. Agus táblaí soláthair agus úsáide á dtiomnú, is gnách go ndéantar meastachán de réir táirge ar chánacha agus ar fhóirdheontais ar tháirgí trí bhíthin na rátaí oifigiúla cánach nó fóirdheontais a chur i bhfeidhm maidir leis na sreafaí éagsúla éilimh. Ina dhiaidh sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar na difríochtaí idir iad agus na measúnuithe cánach nó na suimeanna a íocadh iarbhrí.

(a) Tabharfaidh roinnt de na difríochtaí sin le fios nach dtagann an meastachán tosaigh ar chánacha ar tháirgí sna táblaí soláthair agus úsáide leis na sainmhínte i CCE:

(1) i gcás díolúine déantar an meastachán tosaigh ar chánacha ar tháirgí a laghdú;

(2) i gcás gníomhaíochtaí eacnamaíocha ceilte nó i gcás imghabhála íocaíochtaí cánacha ar tháirgí, amhail cás ina bhfuil sé éigeantach cánacha a íoc, ach nach bhfuil aon mheasúnú cánach ag dul leis, déantar an meastachán ar chánacha ar tháirgí a laghdú.

(b) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh na difríochtaí a thabhairt le fios go bhfuil earráid ann a bhaineann leis an meastachán tosaigh ar chánacha agus fóirdheontais ar tháirgí, mar shampla, toisc go bhfuil meastachán earráideach déanta ar aschur táirge áirithe. Féadfar coigeartuithe a dhéanamh ansin ar na meastacháin ar na sreafaí earraí agus seirbhísí.

9.44 Féadfaidh CBL a bheith asbhainteach, neamh-asbhainteach nó gan a bheith infheidhme:

(a) tá feidhm ag CBL asbhainteach maidir leis an gcuid is mó den thomhaltas idirmheánach, d'ollfhoirmiú caipitil sheasta agus d'athruithe ar fhardail;

(b) is minic a bhíonn feidhm ag CBL neamh-asbhainteach maidir le caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach teaghlach, cuid d'ollfhoirmiú caipitil sheasta amhail teaghaisí úinéirí-áitithe, cuid d'athruithe ar fhardail agus cuid de thomhaltas idirmheánach, mar shampla tomhaltas idirmheánach aonad rialtais agus corparáidí airgeadais;

(c) go ginearálta, níl feidhm ag CBL maidir le:

- (1) onnmhairí chuig tíortha lasmuigh den AE;
- (2) díol earraí nó seirbhísí ar bith atá faoi réir ráta nialasaigh CBL is cuma cén úsáid atá acu; tugann ráta nialasach CBL le fios, áfach, gur féidir an CBL a íocadh ar tháirgí a fháil ar ais go fóill; déantar tomhaltas idirmheánach agus ollfhoirmiú caipitil sheasta na dtáirgí sin a cheartú, dá bhrí sin, de réir an mhéid CBL arna ath-éileamh;
- (3) aon táirgeoirí atá díolmhaithe ó chláirúchán CBL amhail gnóthais bheaga agus eagraíochtaí reiligiúnacha; sa chás sin, bíonn srian ar an gceart CBL a éileamh ar ais go ginearálta.

9.45 Déantar CBL a thaifeadh agus bhfoirm ghlán: luacháiltear na soláthairtí ar fad ag na bunphraghsanna, i.e. gan CBL arna sonrasc a áireamh; déantar úsáidí idirmheánacha agus úsáidí críochnaitheacha a thaifeadh ag praghsanna na gceannaitheoirí, i.e. gan CBL asbhainteach a áireamh.

Coincheapa bunúsacha eile

9.46 Sna táblaí soláthair agus úsáide, úsáidtear dhá ítim choigeartaithe chun luacháil na n-allmhairí sna táblaí soláthair agus úsáide á réiteach leis an luacháil atá i gcuntais na n-earnálacha institiúideacha.

Sa tábla soláthair, d'fhonn luacháil incomparáide a fháil i ndáil le táirgí intíre sa ghrúpa táirgí céanna, luacháiltear allmhairí earraí ag luachanna CAL. Ar áireamh sa luach CAL tá na seirbhísí iompair agus árachais a sholáthraíonn cónaitheigh, amhail iompar féinchuntais nó iompar ag iompróirí speisialaithe cónaitheacha. D'fhonn luacháil chomhshéamhach a bhaint amach idir allmhairí agus onnmhairí, ba cheart an luach sin a áireamh in onnmhairí seirbhísí.

I gcuntais na n-earnálacha institiúideacha, luacháiltear allmhairí earraí ag luachanna SAB, i.e. i gcomhréir leis an luacháil ar onnmhairí earraí. I gcás luachála SAB, áfach, is lú a bheidh luach seirbhísí iompair agus árachais a sholáthraíonn cónaitheigh, ar luach é atá ar áireamh in onnmhairí seirbhísí, ós rud é nach gcumhdaíonn sé seirbhísí den sórt sin nuair a sholáthraítear iad laistigh den tír onnmhairíochta. Dá bhrí sin, is é an toradh atá ar phrionsabail éagsúla luachála a úsáid gurb ionann iomlán glan na n-allmhairí, ach gur mó iomlán na n-allmhairí agus iomlán na n-onnmhairí araon i gcás luachála CAL.

Is féidir an dá phrionsabal luachála a réiteach le chéile sna táblaí soláthair agus úsáide trí ítimí choigeartaithe a thabhairt isteach i gcomhair allmhairí chomh maith le i gcomhair onnmhairí. Ba cheart na hítimí choigeartaithe a bheith cothrom le luach na seirbhísí iompair agus árachais arna soláthar ag cónaitheigh agus atá cuimsithe i luach CAL, ach ní i luach SAB, i.e. ag tagairt don iompar agus árachas ó theorainn na tíre onnmhairíochta go teorainn na tíre allmhairíochta. Agus ítimí choigeartaithe den sórt sin curtha isteach sna táblaí soláthair agus úsáide, níl aon láimhseáil ar leith ag teastáil uathu sna ríomhanna ionchuir-aschuir.

9.47 Déantar aistriú earraí atá ar marthain a thaifeadh mar chaiteachas diúltach maidir leis an díoltóir agus mar chaiteachas deimhneach maidir leis an gceannaitheoir. I gcás an ghrúpa táirgí lena mbaineann, is ionann aistriú earra atá ar marthain agus athaicmiú faoi úsáidí. Is iad costais an aistrithe amháin nach láimhseáiltear mar athaicmiú: déantar iad a thaifeadh mar úsáid seirbhísí, mar shampla seirbhísí gnó nó seirbhísí gairmiúla. Chun críocha tuairisce agus anailíse, d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil, i gcomhair roinnt grúpaí táirgí, méid choibhneasta an aistrithe earraí atá ar marthain a thaispeáint ar bhonn leithleach, mar shampla tábhacht gluaisteán athlámhe i margadh na ngluaisteán nua agus na ngluaisteán athlámhe araon, nó an ról atá ag páipéar athchúrsáilte i soláthar táirgí páipéir.

9.48 Chun na táblaí soláthair agus úsáide a thuiscint i gceart, is cabhair é roinnt de na gnásanna cuntasáíochta a úsáidtear i CEC a mheabhrú:

- (a) is éard is tionscal ann grúpa aonad príomhghníomhaíochta (APGanna) a bhfuil an phríomhghníomhaíocht chéanna nó príomhghníomhaíocht chomhchosúil ar siúl acu. Gné thábhachtach de tháblaí soláthair agus úsáide is ea go ndéanann siad taifead de ghníomhaíochtaí thánaisteacha ar bhonn leithleach. Tugann sé sin le tuiscint nach gá na APGanna a bheith aonchineálach maidir lena ngníomhaíochtaí táirgthe. Tá miníú níos mionsonraithe ar choincheap na APGanna i gCaibidil 2. Úsáidtear aonad táirgthe atá go hiomlán aonchineálach i dtábla siméadrach ionchuir-aschuir táirge ar tháirge;
- (b) má tá bunaíocht nach ndéanann ach gníomhaíochtaí coimhdeacha inbhraite ó thaobh staidrimh de, sa mhéid is go bhfuil cuntais ar leith ar fáil maidir leis an táirgeadh a dhéanann sí, nó má tá sí lonnaithe i suíomh geografach eile seachas mar a bhfuil na bunaíochtaí a bhfónann sí dóibh, déantar í a thaifeadh mar aonad ar leith agus a aicmiú san aicmiú tionsclaíoch a chomhfhreagraíonn dá príomhghníomhaíocht, sna cuntais náisiúnta agus réigiúnacha araon. I gcás nach bhfuil fáil ar bhunsonraí oiriúnacha, féadfár aschur na gníomhaíochta coimhdí a mheas trí chostais a shuimeáil.

Mura gcomhlíonfar ceachtar den dá choinníoll sin, déantar na hionchuir go léir arna dtomhailt ag gníomhaíocht choimhdeach amhail ábhair, saothar, idiú caipitil sheasta, a láimhseáil mar ionchur sa phríomhghníomhaíocht nó sa ghníomhaíocht thánaisteach a dtacaíonn siad léi;

- (c) ní dhéantar earraí agus seirbhísí arna dtáirgeadh agus arna dtomhailt laistigh den tréimhse chuntasafóichta chéanna agus laistigh den APG áitiúil (APGA) céanna a aithint ar bhonn leithleach. Ní dhéantar iad a thaifeadadh, dá bhrí sin, mar chuid d'aschur ná de thomhaltas idirmheánach an APG áitiúil sin;
- (d) déantar próiseáil, cothabháil, seirbhísíú nó deisiú nach bhfuil suntasach thar ceann APGna áitiúla eile a thaifeadadh i bhfoirm ghlan, i.e. gan luach na n-earraí lena mbaineann a áireamh;
- (e) tarlaíonn allmhairí agus onnmhairí nuair a athraítear úinéireacht idir cónaithe agus neamhchónaithe. Ní leor gluaiseacht fhisiceach earraí thar teorainneacha náisiúnta ann féin lena rá gur allmhairíodh nó gur onnmhairíodh na hearraí sin. Ní dhéantar earraí a chuirtear chuig an gcoigríoch lena bpróiseáil a thaifeadadh mar onnmhairí agus allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, déantar ceannach agus athdhíol earraí le neamhchónaitheach gan na hearraí a theacht isteach i ngeilleagar thír an cheannaí a thaifeadadh mar onnmhairí agus allmhairí i gcuntais an táirgeora agus an cheannaitheora chríochnaithe, agus léirítear onnmhairíú glan earraí faoi thrádáil cheannaíochta i gcuntais gheilleagar an cheannaí;
- (f) is féidir le hearraí marthanacha a bheith ar cíós nó a bheith faoi réir léasú oibriúcháin. I gcásanna dá leithéid, déantar iad a thaifeadadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta agus mar stoc caipitil sheasta i dtionscal a n-úinéara; i dtionscal an úsáideora, déantar tomhaltas idirmheánach de réir shuim an chíosa arna íoc a thaifeadadh;
- (g) déantar daoine atá ag obair trí ghníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí a thaifeadadh mar fhostaithe i dtionscal na ngníomhaireachtaí sin seachas sna tionscail ina bhfuil siad ag obair iarbhrí. Mar thoradh air sin, sna tionscail sin, déantar na táillí arna n-íoc leis an ngníomhaireacht as soláthar saothair a thaifeadadh mar thomhaltas idirmheánach seachas mar chúiteamh d'fhostaithe. Déantar saothar a thugtar ar conradh a láimhseáil mar sheirbhísí arna soláthar;
- (h) coincheapa leathana is ea fostaíocht agus cúiteamh d'fhostaithe:
- (1) áirítear fostaíocht chun críoch sóisialta mar fostaíocht freisin; baineann sé sin, mar shampla, le socrúcháin oibre do dhaoine faoi mhíchumas, tionscadail fostaíochta do dhaoine atá dífhostaithe le fada agus cláir fostaíochta do dhaoine óga atá ag lorg post. Mar thoradh air sin, is fostaíocht iad na daoine lena mbaineann agus faigheann siad cúiteamh d'fhostaithe seachas aistriú sóisialta, cé go bhféadfadh sé go mbeadh a dtáirgiúlacht ní b'íslé ná táirgiúlacht fostaíocht eile;
 - (2) áirítear i bhfostaíocht cásanna nuair nach n-iarrtar ar na daoine lena mbaineann obair a dhéanamh in aon chor, e.g. daoine a briseadh as a bpost ach a fhaigheann íocaíochtaí óna n-iarfhostóir ar feadh tréimhse áirithe. Mar sin féin, ní chuireann an gnás sin fostaíocht i dtéarmaí uaireanta an chloig oibríthe as a riocht, mar ní oibrítear uair an chloig ar bith.

Faisnéis fhorlíontach

9.49 Tá faisnéis fhorlíontach i dTábla úsáide 9.6: ollfhoirmiú caipitil sheasta, stoic de shócmhainní seasta agus fostaíocht de réir tionscail. Faisnéis luachmhar bhreise is ea miondealú idir fostaíocht agus oibríthe féinchuntais. Teastaíonn an fhaisnéis maidir le hollfhoirmiú caipitil sheasta agus stoic de shócmhainní seasta de réir tionscail chun tomhaltas caipitil sheasta de réir tionscail a dhíorthú agus chun CBL neamh-asbhainteach ar ollfhoirmiú caipitil sheasta a thaifeadadh. Tá sé tábhachtach fostaíocht a léiriú de réir tionscail chun críoch comhthiomsaithe:

- is minic a úsáidtear figiúirí fostaíochta chun oll-luachanna a ríomh maidir le haschur, cúiteamh d'fhostaithe, tomhaltas idirmheánach agus ioncam measctha,
- is féidir comparáid a dhéanamh thar am agus de réir tionscail ar phríomhchóimheasa amháil aschur, cúiteamh d'fhostaithe agus ioncam measctha in aghaidh an aonaid saothair amháil uaireanta an chloig oibríthe, d'fhonn creatúlacht na meastachán a sheiceáil,
- is cabhair é agus comhsheasmhacht á háiritiú idir na luachanna de réir tionscail agus sonraí fostaíochta de réir tionscail. Mar shampla, gan nasc follasach le sonraí fostaíochta, d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar phróiseas an chomhardaithe go mbeadh athruithe ar na luachanna de réir tionscail gan athruithe comhfhreagra ar na figiúirí fostaíochta.

Is cabhair é faisnéis maidir le fostaíocht de réir tionscail a chur isteach freisin chun anailís a dhéanamh ar fostaíocht agus ar tháirgiúlacht.

FOINSÍ SONRAÍ AGUS COMHARDÚ

9.50 Chun aschur a thiomnú de réir tionscail agus de réir táirge, is iad suirbhéanna eacnamaíochta ar ghnóthais, suirbhéanna ar tháirgeadh agus tuarascálacha bliantúla nó cuntais ghnó na gcuideachtaí móra na príomhfhoinsí sonraí. Bíonn na suirbhéanna uileghabhálach de ghnáth i gcás na gcuideachtaí móra agus déantar suirbhé samplach i gcás cuideachtaí beaga. I gcás gníomhaíochtaí sonracha áirithe, féadfaidh foinsí sonraí éagsúla a bheith ábhartha, mar shampla i gcás comhlachtaí maoirseoireachta, cuntas rialtais áitiúil agus rialtais láir nó cistí slándála sóisialta.

- 9.51 Úsáidtear sonraí den sórt sin chun sraith tosaigh neamhiomlán de tháblaí soláthair agus úsáide a ullmhú. Déantar iad sin a chomhardú i gcéimeanna éagsúla. Trí chomhardú a dhéanamh de láimh ag leibhéal íseal comhiomlánaithe, soláthraítear seiceálacha tábhachtacha maidir leis na hearráidí i bhfoinsí sonraí, earráidí córais, agus féadtar modhnuithe a dhéanamh ar na bunsonraí ag an am céanna, d'fhonn iad a cheartú i bhfianaise difríochtaí coincheapúla agus i ngeall ar aonaid in easnamh. Má dhéantar an réiteach ag leibhéal comhiomlánaithe níos airde, trí phróiseas comhardaithe uathoibríoch a úsáid nó trí dhianphróiseas comhardaithe seicheamhach, bíonn formhór na seiceálacha sin ar lár, ós rud é go gcealaíonn earráidí a chéile agus nach féidir na cúiseanna le hearráidí a rianú.

UIRLIS ANAILÍSE AGUS SÍNEADH

- 9.52 Is féidir trí chineál tábla a úsáid le haghaidh anailíse:

- táblaí soláthair agus úsáide,
- tábla siméadrach ionchuir-aschuir tionscail ar thionscal,
- tábla siméadrach ionchuir-aschuir táirge ar tháirge.

Is féidir táblaí siméadracha ionchuir-aschuir a dhíorthú ó na táblaí soláthair agus úsáide, ag praghsanna reatha, agus ag praghsanna na bliana roimhe sin freisin.

- 9.53 Ní léiríonn Tábla úsáide 9.6 cé mhéad de na hearraí agus de na seirbhísí arna n-úsáid a táirgeadh sa chríoch baile nó a allmhairíodh. Tá an fhaisnéis sin riachtanach i gcomhair anailíse ina bhfuil ról ag an nasc idir soláthar agus úsáid earraí agus seirbhísí laistigh den gheilleagar náisiúnta. Sampla de sin is ea an anailís ar an tionchar a bhaineann le hathruithe ar onnmhairí nó le caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach allmhairí, le táirgeadh intíre agus le hathróa gaolmhara amhail fostaíocht. Dá bhrí sin, thairbhíodh an creat ionchuir-aschuir de tháblaí úsáide ar leithligh le haghaidh táirgí a allmhairíodh agus earraí agus seirbhísí a táirgeadh sa chríoch baile.
- 9.54 Déantar an tábla úsáide le haghaidh táirgí allmhairithe a thiomnú trí leas a bhaint as an bhfaisnéis ar fad a bhfuil fáil uirthi maidir le húsáidí allmhairí, i gcás táirgí áirithe mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh na mórgnóthais allmhairíochta ar eolas agus i gcás táirgeoirí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh faisnéis ann faoin méid allmhairí. Mar sin féin, go ginearálta, is annamh a bhíonn faisnéis dhíreach staidrimh ann faoi úsáid allmhairí. De ghnáth, dá bhrí sin, caithfear an fhaisnéis sin a fhorlíonadh le toimhdí maidir le leithdháileadh grúpaí táirgí ar úsáidí.
- 9.55 Is féidir an tábla úsáide le haghaidh earraí agus seirbhísí arna dtáirgeadh sa chríoch baile a fháil ansin tríd an tábla úsáide le haghaidh táirgí allmhairithe a asbhaint ón tábla úsáide le haghaidh an gheilleagair iomláin.
- 9.56 Go teoiriciúil, is ann do cheithre bhunmhúnla chun tábla soláthair agus úsáide a chlaochlú ina thábla siméadrach ionchuir-aschuir. Tá na múnlaí sin bunaithe ar thoirmeach a bhaineann le teicneolaíocht nó le struchtúr díola seasta. Is minic a úsáidtear an toimhde maidir le teicneolaíocht de réir táirge: táirgtear gach táirge ar bhealach sainiúil, is cuma cén tionscal ina dtáirgtear é. Is minic a úsáidtear an toimhde sin chun tábla ionchuir-aschuir táirge ar tháirge a dhíorthú. Baineann an dara múnla coitianta úsáid as an toimhde maidir le díol seasta de réir táirge (toimhde maidir le sciar an mhargaidh): tá a struchtúr díolacháin sainiúil ag gach táirge, is cuma cén tionscal ina dtáirgtear é; is minic a úsáidtear an cur chuige sin chun tábla ionchuir-aschuir tionscail ar thionscal a dhíorthú. Is féidir múnlaí hibrideacha a úsáid ina measctar na toimhdí sin. Is lú an ábharthacht phraiticiúil a bhaineann le múnlaí atá bunaithe ar theicneolaíocht de réir tionscail nó ar struchtúr díola seasta de réir tionscail ós rud é nach dealraitheach go dtarlóidís sa chleachtas. Tá plé ar na múnlaí éagsúla agus ar na próisis chlaochlaithe éagsúla i gCaibidil 11 de Lámhleabhar soláthair *Eurostat; Táblaí ionchuir- aschuir, (eagrán 2008) (1)*.
- 9.57 Níl sé éasca cinneadh a dhéanamh faoin toimhde is fearr i ngach cás ar leith. Braitheann sé ar struchtúr na dtionscal náisiúnta, e.g. an méid speisialtóireachta, agus ar aonchineálacht na dteicneolaíochtaí náisiúnta a úsáidtear chun táirgí a tháirgeadh laistigh den ghrúpa táirgí céanna agus go mór mór ar a mhionsonraithe atá na bunsonraí.

Faightear torthaí do-ghlactha nuair a chuirtear an toimhde maidir le teicneolaíocht de réir táirge i bhfeidhm ar bhealach simplí; in amanna bíonn na comhéifeachtaí ionchuir-aschuir a ghintear neamhdhóchúil nó dodhéanta fiú, i bhfoirm comhéifeachtaí diúltacha. D'fhéadfadh comhéifeachtaí neamhdhóchúla a bheith ann de bharr earráidí maidir leis an tomhas agus de bharr ilchineálacht an mheascáin táirgí sa tionscal arb é an táirge arna aistriú an príomhtháirge ann. D'fhéadfaí dul i ngleic leis sin trí bhithin coigeartuithe a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis fhorlíontach nó trí leas a bhaint as breith eolach sna téarmaí is leithne agus is féidir. Réiteach eile is ea an toimhde malartach a chur i bhfeidhm, mar atá an toimhde maidir le struchtúr díola seasta de réir táirge. Sa chleachtas, chonacthas gur cur chuige fóna é úsáid a bhaint as toimhdí a bhaineann le teicneolaíocht mheasctha i gcomhcheangal le faisnéis fhorlíontach chun táblaí siméadracha ionchuir-aschuir a thiomnú.

(1) Eurostat, Lámhleabhar soláthair *Eurostat; Táblaí ionchuir- aschuir, (eagrán 2008)*, (le fáil ar: <http://epp.eurostat.ec.europa.eu>).

9.58 Is féidir an tábla siméadrach ionchuir-aschuir a mhiondealú in dhá thábla:

(a) mairís a léiríonn úsáid allmhairí; is ionann formáid an tábla seo agus formáid an tábla le haghaidh allmhairí a ghabhann leis na táblaí soláthair agus úsáide, ach amháin go n-úsáidtear struchtúr siméadrach ina bhfuil an aicmiú céanna ar an dá ais;

(b) tábla siméadrach ionchuir-aschuir le haghaidh aschuir intíre.

Ba cheart an dara tábla seo a úsáid chun na comhéifeachtaí carntha a ríomh, i.e. inbhéartach Leontief. Is ionann inbhéartach Leontief agus inbhéartach na difríochta idir mairís na gcomhionannas I agus mairís na gcomhéifeachtaí ionchuir theicniúil a fhaightear ó mhairís an aschuir intíre arna úsáid mar thomhaltas idirmheánach. Is féidir inbhéartach Leontief a dhíorthú ó allmhairí freisin. Ba cheart glacadh leis go bhfuil na hallmhairí táirgthe ar an dóigh chéanna leis na táirgí intíre atá in iomaíocht leo.

9.59 Is féidir táblaí soláthair agus úsáide agus na táblaí siméadracha ionchuir-aschuir a úsáid mar uirlisí chun anailís eacnamaíoch a dhéanamh. Tá buanna éagsúla ag an dá chineál tábla. Bíonn táblaí siméadracha ionchuir-aschuir ar fáil ní amháin chun éifeachtaí díreacha a ríomh ach chun éifeachtaí indíreacha agus carnacha a ríomh freisin. Is féidir cáilíocht mhaith a bheith iontu má baineadh úsáid as saineolas agus cineálacha éagsúla faisnéise staidrimh chun na táblaí a dhíorthú ó na táblaí soláthair agus úsáide.

9.60 Tá táblaí tionscail ar thionscal an-úsáideach d'anailís a bhaineann le tionscail a dhéanamh, e.g. athchóiriú cánach, anailís tionchair, beartas buiséadach agus beartas airgeadaíochta; is cosúla iad leis na foinsí éagsúla sonraí staidrimh freisin. Tá táblaí táirge ar tháirge an-oiriúnach d'anailís a bhaineann le haonaid de tháirgeadh aonchineálach, e.g. táirgiúlacht, comparáid idir struchtúir na gcostas, éifeachtaí ar fhostaíocht, beartas fuinnimh agus beartas comhshaoil.

9.61 Níl difríocht shuntasach, áfach, idir airíonna anailíseacha na dtáblaí táirge ar tháirge agus na dtáblaí tionscail ar thionscal. Is éard is cúis leis na difríochtaí idir táblaí táirge ar tháirge agus táblaí tionscail ar thionscal ná táirgeadh tánaisteach, atá teoranta go ginearálta, a bheith ann. Sa chleachtas, má bhaintear úsáid anailíseach as táblaí ionchuir-aschuir bíonn sé intuigthe go n-úsáidtear toimhde a bhaineann le teicneolaíocht de réir tionscail, is cuma cén chaoi ar tiomsaíodh na táblaí ar dtús. Thairis sin, sa chleachtas, is tábla tionscail ar thionscal a rinneadh a ionramháil atá in aon tábla táirge ar tháirge, ós rud é gurb ann go fóill do shaintréithe ar fad na dtáblaí soláthair agus úsáide a bhaineann le APGanna institiúideacha agus le gnóthais.

9.62 Go ginearálta, fónann na táblaí soláthair agus úsáide agus an tábla siméadrach ionchuir-aschuir d'an-chuid cineálacha sonracha anailíse, mar shampla:

(a) anailís ar tháirgeadh, ar struchtúir na gcostas agus ar tháirgiúlacht;

(b) anailís ar phraghsanna;

(c) anailís ar fhostaíocht;

(d) anailís ar an struchtúr foirmithe caipitil, tomhaltas críochnaitheach, onnmhairí, etc.;

(e) anailís an fháis eacnamaíoch trí úsáid a bhaint as na sciaranna de chostais chnacha chun allmhairí a leithdháileadh ar na húsáidí críochnaitheacha éagsúla;

(f) anailís ar an rannchuidiú le fás eacnamaíoch agus le fostaíocht ó allmhairí chuig tíortha eile (bloic tíortha);

(g) anailís ar allmhairí fuinnimh atá riachtanach;

(h) anailís ar thionchar teicneolaíochtaí nua;

(i) anailís ar na héifeachtaí a bhíonn ag athruithe ar rátaí cánacha (e.g. CBL) nó ag íostuarastal náisiúnta a thabhairt isteach;

(j) anailís ar an ngaol idir táirgeadh intíre agus an comhshaoil, e.g. ag díriú ar úsáid táirgí sonracha amhail breosla, páipéar agus gloine nó astaíochtaí truailléan.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh ach na sciaranna de chostais carnacha arna ríomh ó na táblaí ionchuir-aschuir san áireamh i macramhúnla. Ar an dóigh sin, déantar faisnéis ón tabla ionchuir-aschuir maidir le héifeachtaí díreacha agus indíreacha, e.g. an tábhacht a bhaineann le costais saothair nó le hallmhairiú fuinnimh le haghaidh tomhaltais phríobháidigh nó le honnmhairí, a chorprú sa mhacramhúnla agus is féidir í a úsáid le haghaidh anailíse agus réamhaisnéise.

9.63 Chun freastal a dhéanamh ar chríocha níos sonraí, is féidir na táblaí soláthair agus úsáide agus na táblaí siméadracha ionchuir-aschuir a mhodhnú trí bhíthin aicmithe malartacha agus forlíontacha a thabhairt isteach. Is mar seo a leanas atá na samplaí is tábhachtaí:

- (a) aicmithe de réir táirge agus de réir tionscail atá níos mionsonraithe bunaithe ar aicmithe náisiúnta nó chun críocha sonracha a chur san áireamh, e.g. chun anailís a dhéanamh ar an ról atá ag taighde agus forbairt sa gheilleagar náisiúnta;
- (b) miondealú geografach níos mionsonraithe ar allmhairí agus onnmhairí, e.g. trádáil laistigh den AE arna fo-aicmiú de réir tíre agus trádáil lasmuigh den AE arna fo-aicmiú de réir réigiúin eacnamaíoch agus roinnt tíortha sonracha amhail an India, an tSeapáin, an tSín agus Stáit Aontaithe Mheiriceá;

(c) aicmiú allmhairí mar seo a leanas:

- (1) allmhairí táirgí a tháirgtear sa chríoch baile freisin (“allmhairí iomaíocha”);
- (2) allmhairí táirgí nach dtáirgtear sa chríoch baile (“allmhairí comhlántacha”).

Bítear ag súil leis go mbeidh gaol difriúil ag an dá chineál allmhairí leis an ngeilleagar náisiúnta agus go mbeidh tábhacht dhifriúil acu ina leith freisin. Is féidir anailís a dhéanamh ar allmhairí iomaíocha agus is féidir beartas eacnamaíoch a dhírú orthu ós rud é go bhféadfaidh siad ionad an aschuir intíre a ghabháil; d'fhéadfaí iad a chur isteach, dá bhrí sin, mar chatagóir ar leith úsáide críochnaithí féideartha sna táblaí úsáide. I gcás allmhairí comhlántacha, ardú tobann ar phraghsanna fuinnimh mar shampla, díríonn na hanailísí ar an tionchar a bhíonn ag athrú ar a bpraghsanna ar an ngeilleagar náisiúnta;

(d) aicmiú ar chúiteamh d'fhostaithe de réir critéar amhail leibhéal oideachais, lánaimseartha/páirtaimseartha, aois agus inscne. D'fhéadfaí an t-aicmiú seo a chur i bhfeidhm ansin freisin maidir leis an bhfaisnéis fhorlíontach faoi fhostaíocht. Ar an dóigh sin, is féidir úsáid a bhaint as na táblaí soláthair agus úsáide chun anailís a dhéanamh ar an margadh saothair;

(e) miondealú ar chúiteamh d'fhostaithe mar seo a leanas:

- (1) pá agus tuarastail, lena n-áirítear: ranníocaíochtaí sóisialta fostaithe;
- (2) ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí.

Leis an miondealú seo is féidir anailís a dhéanamh ar an ról atá ag ranníocaíochtaí sóisialta maidir leis an bpraghas atá ar ionchur saothair agus iompú an ualaigh sin i dtreo ollbharrachais oibriúcháin;

(f) aicmiú tomhaltais chríochnaithigh de réir cuspóra, is é sin Coicop i gcás na dteaghlach, COPNI i gcás INBFTanna agus COFOG i gcás an rialtais. Le haicmiú an chaiteachais sin de réir feidhme is féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag gach feidhm ar an gcuid eile den gheilleagar. Mar shampla, is féidir measúnú a dhéanamh ar thábhacht an chaiteachais phoiblí agus an chaiteachais phríobháidigh ar chúram sláinte, ar iompar agus ar oideachas.

CAIBIDIL 10

AONAIÐ TOMHAIS PRAGHSANNA AGUS MÉIDEANNA

- 10.01 I gcóras cuntas eacnamaíoch, déantar na sreafaí agus na stoic go léir a lua in aonaid airgeadaíochta. Is é an t-aonad airgeadaíochta an t-aon chomhainmneoir is féidir a úsáid chun luacháil a dhéanamh ar na hidirbhearta róilghnéitheacha a thaifeadtar sna cuntais agus chun ítimí comhardaithe fiúntacha a dhíorthú.

An fhadhb a bhaineann leis an aonad airgeadaíochta a úsáid mar aonad tomhais is ea nach caighdeán socair ná idirnáisiúnta é an t-aonad sin. Mórchúram amháin san anailís eacnamaíoch is ea fás eacnamaíoch a thomhas i dtéarmaí méideanna idir thréimhsí éagsúla. Tá sé riachtanach ansin idirdhealú a dhéanamh, maidir leis na hathruithe ar luach i ndáil le comhiomlán eacnamaíoch a áirítear, idir na hathruithe a eascraíonn as athruithe ar phraghsanna amháin agus an t-iarmhar, rud ar a dtugtar an t-athrú ar “an méid”.

Is cúram don anailís eacnamaíoch é freisin comparáidí ar bhonn spáis, i.e. idir geilleagair náisiúnta éagsúla. Dírionn siad seo ar chomparáidí idirnáisiúnta i dtéarmaí méideanna ag leibhéal an táirgthe agus an ioncaim, ach díol spéise é freisin leibhéal na bpragsanna. Dá bhrí sin, is gá na difríochtaí i luach na gcomhiomlán eacnamaíoch idir péirí nó grúpaí tíortha a bhriseadh síos ina gcomhpháirteanna, rud a léiríonn na difríochtaí i méid agus na difríochtaí i bpraghas.

- 10.02 Agus comparáidí ama ar shreafaí agus stoic i gceist, ba cheart go leagfaí an tábhacht chéanna ar athruithe ar phraghsanna agus ar mhéideanna a thomhas go beacht. Sa ghearrthéarma, tá sé chomh tábhachtach céanna athruithe ar phraghsanna a bhreathnú is atá sé méid an tsoláthair agus an éilimh a thomhas. San fhadtéarma, caithfear athruithe ar phraghsanna coibhneasta na gcineálacha éagsúla earraí agus seirbhísí a chur san áireamh agus staidéar á dhéanamh ar fhás eacnamaíoch.

Gné amháin den phríomhchuspóir is ea aonaid tomhais chuimsitheacha a sholáthar ar athruithe ar phraghsanna agus ar mhéideanna i gcomhair phríomh-chomhiomlán an chórais, ach is gné eile é sraith aonad tomhais idirspealach a chur le chéile lena bhféadfar anailís chórasach agus mhionsonraithe a dhéanamh ar bhoilsciú agus ar fhás eacnamaíoch, agus ar luaineachtaí orthu.

- 10.03 Is é an rial ghinearálta maidir le comparáidí ar bhonn spáis go gcaithfear aonaid tomhais bheachta a dhéanamh i ndáil le méid agus praghas chomhpháirteanna na gcomhiomlán eacnamaíoch. Toisc go mbíonn an difríocht idir foirmle Laspeyres agus foirmle Paasche suntasach go minic maidir le comparáidí ar bhonn spáis, is í foirmle innéacs Fisher an t-aon fhoirmle atá inghlactha chun na críche sin.

- 10.04 Tá sé de bhuntáiste ag cuntais eacnamaíoch a soláthraíonn siad creat oiriúnach chun córas innéacsanna praghsanna agus méideanna a thógáil, agus chun comhsheasmhacht na sonraí staidrimh a áirithiú chomh maith. Is féidir an achoimre seo a leanas a dhéanamh ar na buntáistí atá ag cur chuige cuntasaióchta:

- ar leibhéal coincheapúil, má úsáidtear creat cuntasaióchta a chumhdaíonn an córas eacnamaíoch iomlán, is gá go sonrú ar bhonn comhsheasmhach na praghsanna agus na haonaid fhisiceacha i gcomhair na dtáirgí éagsúla agus na sreafaí éagsúla sa chóras. I gcreat den chineál sin, sainmhínítear coincheap an phraghsais agus coincheap an mhéid i gcomhair grúpa áirithe táirgí sa tslí chéanna faoi acmhainní agus faoi úsáidí araon;
- ar leibhéal staidrimh, nuair a úsáidtear creat na gcuntas eacnamaíoch bíonn srianta cuntasaióchta ann, srianta a chaithfear a urramú maidir le praghsanna reatha agus i dtéarmaí méideanna araon agus lenar gá, de ghnáth, roinnt coigeartuithe a dhéanamh chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir leis na sonraí faoi phraghas agus faoi mhéid;
- ina theannta sin, le cruthú córais chomhtháite innéacsanna praghsanna agus méideanna i gcomhthéacs córais chuntas eacnamaíoch, soláthraítear seiceálacha breise don chuntasóir náisiúnta. Má ghlactar leis go bhfuil córas comhardaithe ann do na táblaí soláthair agus úsáide ag praghsanna reatha, trí tháblaí comhardaithe den sórt sin a thógáil i dtéarmaí méideanna beifear in ann córas innéacsanna praghsanna intuigthe a dhíorthú ar bhonn uathoibríoch. Féadfar athbhreithniú agus ceartú a dhéanamh ar na sonraí i dtéarmaí méideanna agus, i gcásanna áirithe, ar na luachanna ag praghsanna reatha fiú, de thoradh scrúdú a dhéanamh ar bhailíocht na n-innéacsanna díortha sin;
- leis an gcur chuige cuntasaióchta, is féidir athruithe ar phraghas agus ar mhéid a thomhas i gcomhair ítimí comhardaithe áirithe sna cuntais; díorthaítear na hítimí sin, de réir sainmhínithe, ó na heilimintí eile sna cuntais.

- 10.05 In ainneoin na mbuntáistí a bhaineann le córas comhtháite atá bunaithe ar chomhardú na n-idirbheart earraí agus seirbhísí, ar bhonn foriomlán agus de réir tionscail araon, ní mór a aithint nach bhfónann na hinnéacsanna praghsanna agus méideanna a fhaightear ar an dóigh sin do gach riachtanas ná ní fhreagraíonn siad gach ceist is féidir a chur maidir le hathruithe ar phraghsanna nó ar mhéideanna. Cé go bhfuil srianta cuntasaióchta agus an rogha foirmle maidir le hinnéacsanna praghsanna agus méideanna fíor-riachtanach chun córas comhtháite a thógáil, is féidir leo a bheith ina gconstaic in amanna. Tá gá freisin le faisnéis i gcomhair tréimhsí níos giorra amhail míonna nó ráithí. Sna cásanna den sórt sin, d'fhéadfadh cineálacha eile innéacsanna praghsanna agus méideanna a bheith ní b'áisiúla.

RAON FEIDHME INNÉACSANNA PRAGHSANNA AGUS MÉIDEANNA SNA CUNTAIS NÁISIÚNTA

10.06 I measc na sreafaí a thaispeántar sna cuntais eacnamaíocha ag praghsanna reatha, tá roinnt acu, a bhaineann le táirgí go príomha, ina bhfuil an t-idirdhealú idir athruithe ar phraghsanna agus athruithe ar mhéideanna cosúil leis an idirdhealú a dhéantar ag an leibhéal micreacnamaíoch. I gcomhair cuid mhaith sreafaí eile sa chóras, tá an t-idirdhealú i bhfad níos doiléire.

I gcás ina gcumhdaíonn na sreafaí sna cuntais grúpa idirbheart bunúsach earraí agus seirbhísí, inarb ionann luach gach ceann acu agus táirgeacht líon aonad fisiceach agus a bpraghas aonaid faoi seach, is leor miondealú an tsreafa ina chomhpháirteanna a bheith ar eolas chun na hathruithe ar phraghsanna agus ar mhéideanna a chinneadh le himeacht ama.

I gcás ina bhfuil líon áirithe idirbheart a bhaineann le dáileadh agus idirghabháil airgeadais agus le hítimí comhardaithe, amhail breisluach, le fáil i sreabhadh, tá sé deacair nó dodhéanta fiú luachanna reatha a dheighilt go díreach idir chomhpháirteanna praghsais agus méid, agus ní mór réitigh shainiúla a ghlacadh.

Tá gá ann freisin an chumhacht ceannaigh réadach atá ag líon áirithe comhiomlán a thomhas, amhail cúiteamh d'fhostaithe, ioncam indiúscartha teaghlach nó ioncam náisiúnta. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí iad a dhíbhóiscí trí bhíthin innéacs praghsanna na n-earraí agus na seirbhísí ar féidir a cheannach leo.

10.07 Tá difríocht bhunúsach ann idir an cuspóir agus an cur chuige a leantar nuair atáthar ag tomhas cumhachta ceannaigh réadaí na meastachán ar ioncam agus an cuspóir agus an cur chuige a leantar nuair atáthar ag díbhóiscí earraí agus seirbhísí agus ítimí comhardaithe. I gcás sreafaí earraí agus seirbhísí is féidir córas comhtháite a bhunú maidir le hinnéacsanna praghsanna agus méideanna, rud a thugann creat comhsheasmhach chun fás eacnamaíoch a thomhas. Agus sreafaí ioncaim á luacháil i dtéarmaí réadacha úsáidtear innéacsanna nach bhfuil nasctha i ndáiríre leis an sreabhadh ioncaim. Mar sin, d'fhéadfadh an rogha praghsais maidir le fás ioncaim athrú de réir chuspóirí na hanailíse: ní aithnítear aon phraghas uathúil sa chóras comhtháite innéacsanna praghsanna agus méideanna.

Córas comhtháite na n-innéacsanna praghsanna agus méideanna

10.08 Tá roinnt chórasach na n-athruithe ar luachanna reatha idir na comhpháirteanna “athruithe ar phraghsanna” agus “athruithe ar mhéideanna” srianta do shreafaí atá in ionannas le hidirbhearta, arna dtairfeadh sna cuntais earraí agus seirbhísí agus sa chreat soláthair agus úsáide a ghabhann leo. Déantar é i gcomhair na sonraí a bhaineann le tionscail aonair agus le táirgí aonair agus i gcomhair na sonraí a bhaineann leis an ngeilleagar iomlán. Ní féidir sreafaí ar ítimí comhardaithe iad, breisluach mar shampla, a bhriseadh síos go díreach sna comhpháirteanna praghsais agus méid; ní féidir é sin a dhéanamh ach go hindíreach ag baint úsáide as sreafaí ábhartha idirbheart.

Le húsáid an chreata cuntasáíochta, cuirtear srian dúbailte ar ríomh na sonraí:

- (a) i gcomhair aon seichimh dhá bhliain ní mór comhardú an chuntais earraí agus seirbhísí a fháil ag praghsanna reatha agus i dtéarmaí méideanna araon;
- (b) ní mór gurb ionann gach sreabhadh ag leibhéal an gheilleagair iomláin agus suim na sreafaí comhfhreagracha i gcomhair na dtionscal éagsúil.

Tríú srian is ea é, srian nach gné dhílis é d'úsáid an chreata cuntasáíochta ach ar toradh rogha toiliúla é, go gcaithfeadh gach athrú ar luach idirbheart a chur i leith athrú ar phraghsanna nó athrú ar mhéideanna, nó i leith meascáin den dá cheann.

Má chomhlíontar na trí riachtanas sin, ciallaíonn luacháil na gcuntas earraí agus seirbhísí agus na gcuntas táirgeachta i dtéarmaí méideanna go mbeifear in ann sraith chomhtháite innéacsanna praghsanna agus méideanna a fháil.

10.09 Is iad seo a leanas na hítimí le háireamh agus sraith chomhtháite dá leithéid á cur i dtoll a chéile:

Idirbhearta táirgí

Aschur	P.1
Aschur margaidh	P.11
Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse	P.12
Aschur neamh-mhargaidh	P.13
Tomhaltas idirmheánach	P.2

Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach	P.3
Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach aonair	P.31
Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach comhchoiteann	P.32
Tomhaltas críochnaitheach iarbhír	P.4
Tomhaltas críochnaitheach aonair iarbhír	P.41
Tomhaltas críochnaitheach comhchoiteann iarbhír	P.42
Ollfhoirmiú caipitil	P.5
Ollfhoirmiú caipitil sheasta	P.51
Athruithe ar fhardail	P.52
Éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara	P.53
Onnmhairí earraí agus seirbhísí	P.6
Onnmhairí earraí	P.61
Onnmhairí seirbhísí	P.62
Allmhairí earraí agus seirbhísí	P.7
Allmhairí earraí	P.71
Allmhairí seirbhísí	P.72
Cánacha agus fóirdheontais ar tháirgí	
Cánacha ar tháirgígan CBL a áireamh	D.212 agus D.214
Fóirdheontais ar tháirgí	D.31
CBL ar tháirgí	D.211
Ítimí comhardaithe	
Breislúach	B.1
Olltáirgeacht intíre	B.1*g

Innéacsanna eile praghsanna agus méideanna

- 10.10 I dteannta na n-aonad tomhais praghsanna agus méideanna a phléitear thuas, is féidir na comhiomláin a leanas a fhoroinnt ina gcomhpháirteanna praghais agus méid féin. Tá cuspóirí éagsúla leis na haonaid tomhais sin.

Féadfaidh sé go gcaithfear fardail ag tús agus ag deireadh gach tréimhse faoi seach a ríomh i dtéarmaí méideanna chun comhiomláin na gclár comhardaithe a fháil. Ní mór an stoc de shócmhainní seasta táirgthe a ríomh i dtéarmaí méideanna chun meastachán a dhéanamh ar chóimheasa d'aschur caipitil, chomh maith le chun bunús a fháil chun meastachán a dhéanamh ar ídiú an chaipitil sheasta i dtéarmaí méideanna. Ní mór cúiteamh d'fhostaithe a ríomh i dtéarmaí méideanna ar mhaithe le táirgiúlacht a thomhas agus i gcásanna áirithe freisin nuair a rinneadh aschur a réamh-mheas trí úsáid a bhaint as sonraí i dtéarmaí méideanna maidir le hionchur. Ní foláir ídiú caipitil sheasta, cánacha eile ar tháirgeadh agus fóirdheontais eile ar tháirgeadh a mheas i dtéarmaí méideanna chun costais a ríomh i dtéarmaí méideanna.

- 10.11 Eilimint ioncaim is ea cúiteamh d'fhostaithe. Chun críche cumhacht ceannaigh a thomhas, is féidir é a luacháil i dtéarmaí réadacha trí é a dhíbhoilsciú le hinnéacs a léiríonn praghsanna táirgí arna gceannach ag fostaithe. Is féidir eilimintí eile ioncaim, amháil ioncam indíscartha teaghlach agus ioncam náisiúnta, a thomhas i dtéarmaí réadacha ar an dóigh ghinearálta chéanna.

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA MAIDIR LE HINNÉACSANNA PRAGHSANNA AGUS MÉIDEANNA A THOMHAS

Sainmhíniú ar phraghsanna agus ar mhéideanna táirgí margaidh

- 10.12 Ní féidir innéacsanna méideanna agus praghsanna a dhíorthú ach amháin ó athróa a bhfuil eilimintí praghais agus cainníochta iontu. Tá dlúthcheangal idir coincheapa praghais agus cainníochta agus coincheapa táirgí aonchineálacha, i.e. táirgí ar féidir aonaid atá comhionann a shainmhíniú dóibh, agus ar féidir iad a mhalartú ar an luach airgeadaíochta céanna. Is féidir, dá bhrí sin, praghais táirge aonchineálaigh a shainmhíniú mar an tsuim airgid ar féidir gach aonad táirge a mhalartú air.

I gcás gach sreafa de tháirgí aonchineálacha, e.g. aschur, is féidir praghais (p), agus cainníocht (q) a chomhfhreagraíonn do líon na n-aonad a shainmhíniú mar aon le luach (v) arna shainmhíniú tríd an gcothromóid:

$$v = p \times q$$

Cáilíocht, praghas agus táirgí aonchineálacha

10.13 Bealach eile chun táirge aonchineálach a shainmhíniú is ea a rá go bhfuil sé comhdhéanta d'aonaid den cháilíocht chéanna.

Tá ról fíor-riachtanach ag táirgí aonchineálacha sna cuntais náisiúnta. Ar ndóigh, luacháiltear aschur ag an mbunphraghas atá socraithe ag an margadh tráth a tharlaíonn sé, i.e. go han-mhinic roimh an díol. Ní foláir na haonaid a tháirgtear a luacháil, dá bhrí sin, ní ag an bpraghas ar a ndíolfar iad iarbhrí, ach ag an bpraghas ar a ndíoltar aonaid chomhionanna tráth tháirgeadh na n-aonad lena mbaineann. Ní féidir é sin a dhéanamh go beacht ach i gcás táirgí aonchineálacha.

10.14 Sa chleachtas, áfach, féadtar dhá aonad táirge le saintréithe fisiceacha comhionanna a dhíol ag praghsanna éagsúla ar dhá chineál cúise:

- (a) is féidir a mheas nach comhionann dhá aonad le saintréithe fisiceacha comhionanna, má dhíoltar iad in áiteanna difriúla, ag tréimhsí difriúla nó de réir coinníollacha difriúla. Sa chás sin, ní foláir aonaid a mheas mar aonaid a chomhfhreagraíonn do tháirgí aonchineálacha difriúla;
- (b) is féidir dhá aonad le saintréithe fisiceacha comhionanna a dhíol ar phraghsanna difriúla, i ngeall ar easpa faisnéise, nó i ngeall ar shrianta ar shaoirse ceannaigh nó toisc go bhfuil margaí comhthreomhara ann. Sa chás sin, ní foláir na haonaid a mheas mar aonaid a bhaineann leis an táirge aonchineálach céanna.

Is féidir táirge aonchineálach a shainmhíniú ar an gcaoi sin freisin mar tháirge a ndíolfaí a aonaid go léir ar an bpraghas céanna in iomaíocht fhoirfe. In éagmais iomaíochta foirfe, sainmhíntear praghas an táirge aonchineálaigh de réir mheánphraghas a aonad. Dá bhrí sin, sna cuntais náisiúnta, i gcás gach táirge aonchineálaigh níl ach praghas amháin ceart, ionas gur féidir rialacha ginearálta maidir le luacháil táirgí a chur i bhfeidhm.

10.15 De dheasca easpa faisnéise féadfaidh sé nach mbeidh ceannaitheoirí i gcónaí ar an eolas mar is cuí faoi na difríochtaí atá ann maidir le praghsanna agus féadfaidh siad ceannach a dhéanamh ag praghsanna níos airde i ngan fhios dóibh féin dá bhrí sin. Féadfaidh sé seo, nó a mhalairt, tarlú freisin i gcásanna ina ndéanann ceannaitheoirí aonair agus díoltóirí aonair idirbheartú nó margáil maidir leis an bpraghas. Ar an taobh eile, ba cheart de ghnáth go ndéanfaí an difríocht idir meánphraghas earra arna cheannach i margadh nó i mbasár, áit ina dtarlaíonn margáil dá leithéid go minic, agus praghas an earra chéanna arna dhíol in asraon miondíola de chineál eile, amhail stór ilrannach, a láimhseáil mar léiriú ar dhifríochtaí sa cháilíocht de dheasca coinníollacha díola difriúla.

10.16 Tugann idirdhealú praghais le tuiscint go bhféadfaidh díoltóirí a bheith in ann praghsanna éagsúla a ghearradh ar chatagóirí éagsúla ceannaitheoirí as earraí agus seirbhísí atá comhionann agus arna ndíol sna himthosca ceannann céanna. I gcásanna den sórt sin, níl aon saoirse nó níl ach saoirse theoranta ag ceannaitheoir de chatagóir speisialta chun rogha a dhéanamh. Is é an prionsabal a ghlactar go n-amharcfar ar éagsúlachtaí sa phraghas mar idirdhealú praghais nuair a ghearrtar praghsanna éagsúla ar aonaid chomhionanna arna ndíol faoi na himthosca ceannann céanna i margadh atá indeighilte go soiléir, i.e. nuair a ghearrtar praghsanna éagsúla ar an táirge aonchineálach céanna. Níl difríochtaí i méid i gceist le héagsúlachtaí praghais de dheasca idirdhealú praghais dá leithéid.

Leis an bhféidearthacht earraí a atradáil i margadh áirithe, tugtar le tuiscint go bhféadtar glacadh leis gur neamhshuntasach é an t-idirdhealú praghais i ndáil le táirgí de na cineálacha sin sa chuid is mó de na cásanna. Is féidir na difríochtaí praghais a d'fhéadfadh a bheith ar earraí a thuiscint de ghnáth mar dhifríochtaí de dheasca easpa faisnéise nó toisc go bhfuil margaí comhthreomhara ann.

I dtionscail seirbhíse, e.g. an t-iompar, féadfaidh táirgeoirí praghsanna níos ísle a ghearradh ar ghrúpaí daoine aonair a bhfuil ioncam níos ísle acu de ghnáth, amhail pinsinéirí nó mic léinn. Má tá daoine aonair den sórt sin seo saor chun taisteal ag an am is rogha leo, ní mór é sin a láimhseáil mar idirdhealú praghais. Mar sin féin, má ghearrtar táillí níos ísle orthu ar choinníoll go dtaistilíonn siad ag amanna áirithe amháin, amanna beagéilimh de ghnáth, táthar ag tairiscint iompair de cháilíocht níos ísle dóibh mar gur féidir iompar le coinníollacha agus iompar gan choinníollacha a mheas mar tháirgí aonchineálacha difriúla.

10.17 Féadfaidh roinnt cúiseanna a bheith ann le margaí comhthreomhara. Féadfaidh sé nach bhfuil ceannaitheoirí in ann an méid atá uathu a cheannach ag praghas níos ísle toisc nach bhfuil soláthar leordhóthanach ann ag an bpraghas sin, agus féadfaidh an dara margadh, margadh atá comhthreomhar agus ina n-iarrtar praghsanna níos airde, a bheith ann. D'fhéadfadh margadh comhthreomhar a bheith ann freisin, is é sin margadh inar féidir le díoltóirí praghsanna níos ísle a ghearradh, toisc gur féidir leo cánacha áirithe a sheachaint.

10.18 Ar an gcuma sin, má shainmhíntear cáilíocht de réir na saintréithe is coiteann do na haonaid uile de tháirge aonchineálach, léirítear difríochtaí i gcáilíocht trí na fachtóirí seo a leanas:

- (a) saintréithe fisiceacha;

- (b) seachadtaí in áiteanna éagsúla;
- (c) seachadtaí ag amanna éagsúla i rith an lae nó ag tréimhsí éagsúla sa bhliain;
- (d) difríochtaí i gcoinníollacha an díola nó sna himthosca nó sa timpeallacht ina soláthraítear earraí nó seirbhísí.

Praghsanna agus méid

- 10.19 Tugadh isteach coincheap an mhéid sna cuntais náisiúnta mar go rabhtas ag iarraidh éifeacht na héagsúlachta praghsanna i bpatrún na luachanna arna lua i dtéarmaí airgeadaíochta a dhíothú, agus taispeántar é mar úsáid bhreise de choincheap na cainníochta le haghaidh grúpaí táirgí. Déanta na fírinne, i gcás táirge aonchineálaigh áirithe, ceadáíonn an chothromóid $v = p \times q$ athrú ar luach le himeacht ama a mhiondealú in athrú ar phraghas agus in athrú ar chainníocht. Sa chleachtas, áfach, tá an iomarca táirgí aonchineálacha ann ar ghá déileáil leo ar bhonn aonair, rud as a dtig go mbíonn ar na cuntasóirí náisiúnta bheith ag obair ar léibhéal níos comhiomlánaithe. Ar an léibhéal comhiomlánaithe sin, áfach, níl an chothromóid $v = p \times q$ úsáideach a thuilleadh mar, cé gur féidir luachanna a chomhiomlánú, níl aon bhrí le luachanna a chomhiomlánú chun praghsanna a dhíorthú.
- 10.20 Tá bealach simplí ann, áfach, chun an t-athrú ar luach sraithe táirgí aonchineálacha a mhiondealú idir dhá thréimhse, a meastar tréimhse amháin acu mar bhuntréimhse agus an tréimhse eile mar thréimhse reatha. Is féidir an t-athrú ar phraghas a fhritháireamh tríd an luach a bheadh ar shraith táirgí a ríomh dá mba rud é nach raibh aon athrú ann ar phraghsanna, i.e. trí phraghsanna na buntréimhse a chur i bhfeidhm ar chainníochtaí na tréimhse reatha. Leis an luach seo ag praghsanna na buntréimhse, sainmhínítear coincheap an mhéid.

Ar an gcaoi sin, is féidir luach sraithe táirgí sa tréimhse reatha a scríobh mar:

$$v^1 = \sum_i p_i^1 \times q_i^1$$

I gcás ina dtagraíonn easpónant 1 don tréimhse reatha agus innéacs i do tháirge aonchineálach sonrath. Ar an gcaoi sin, sainmhínítear méid na sraithe táirgí don tréimhse reatha i ndáil leis an mbuntréimhse tríd an bhfoirmle:

$$Volume = \sum_i p_i^0 \times q_i^1$$

I gcás ina dtagraíonn easpónant 0 don bhuntréimhse. Trí mhéid na sraithe táirgí don tréimhse reatha a chur i gcomparáid lena luach foriomlán don bhuntréimhse is féidir athrú nach ndéanann aon éagsúlacht praghsanna difear dó a thomhas. Is féidir innéacs méideanna a ríomh leis an bhfoirmle:

$$IVol^1 = \frac{\sum_i p_i^0 \times q_i^1}{\sum_i p_i^0 \times q_i^0}$$

Is éard atá san innéacs méideanna arna shainmhíniú ar an gcaoi sin innéacs cainníochtaí Laspeyres ina ndéantar gach innéacs bunúsach a ualú de réir chionmhaireacht an bhuntáirge i luach foriomlán na buntréimhse.

Nuair atá coincheap an mhéid sainmhíniú, is féidir innéacs praghsanna seachas praghas a shainmhíniú de réir analaí leis an gcothromóid $v = p \times q$. Ar an gcaoi sin, sainmhínítear an t-innéacs praghsanna de réir an chóimheasa idir an luach don tréimhse reatha agus an méid, i.e. tríd an bhfoirmle:

$$IP^1 = \frac{\sum_i p_i^1 \times q_i^1}{\sum_i p_i^0 \times q_i^1}$$

Is éard atá san innéacs seo innéacs praghsanna Paasche ina ndéantar gach innéacs bunphraghsanna a ualú de réir chionmhaireacht an bhuntáirge sa luach foriomlán don tréimhse reatha.

Ach na hinnéacsanna méideanna agus praghsanna a shainmhíniú ar an mbealach seo deimhnítear an chothromóid:

$$Luachinnéacs = \text{innéacs praghsanna} \times \text{innéacs méideanna}$$

Is éard atá san innéacs seo leagan níos ginearálta den chothromóid $v = p \times q$ agus ceadáítear leis sin aon athrú ar luach sraithe táirgí aonchineálacha a mhiondealú in athrú ar mhéideanna agus in athrú ar phraghsanna.

Agus méideanna á ríomh, déantar cainníochtaí a ualú de réir phraghsanna na buntréimhse, agus mar sin braitheann an toradh ar struchtúr na bpraghsanna. Ní dóchúil go mbeadh athruithe ar struchtúr na bpraghsanna chomh tábhachtach céanna do thréimhsí gearra agus a bheadh do thréimhsí fada. Dá bhrí sin, ní dhéantar an méid a ríomh ach le haghaidh tréimhse dhá bhliain i ndiaidh a chéile, i.e. ríomhtar an méid ag praghsanna na bliana roimhe sin.

I gcás comparáidí thar thréimhsí níos faide, déantar innéacsanna méideanna Laspeyres agus innéacsanna praghsanna Paasche a ríomh ar dtús i ndáil leis an mbliain roimhe sin agus ansin cinntear na hinnéacsanna slabhracha.

- 10.21 Is iad na príomhbhuntaistí a bhaineann le húsáid innéacsanna praghsanna Paasche agus innéacsanna méideanna Laspeyres simplíocht an leirmhíthe agus an ríomha agus an t-airí suimitheachta sna comharduithe soláthair agus úsáide.
- 10.22 Tá an míbhuntaiste ag baint le hinnéacsanna slabhracha nach mbíonn aon suimitheacht ag na méideanna agus ní féidir, ar an ábhar sin, iad a úsáid sna nósanna imeachta comhardaithe do tháirgí atá bunaithe ar tháblaí soláthair agus úsáide.
- 10.23 Tá na sonraí méideanna neamhshuimitheacha arna ríomh le hinnéacsanna slabhracha le foilsiú gan aon choigeartú. Tá an modh seo trédhearcach agus tugann sé troime na faidhbe le fios do na húsáideoirí. Ní fhágann sé sin nach féidir go dtarlódh sé go measfadh tiomsaitheoirí, i gcásanna áirithe, gur fearr deireadh a chur le neamhréireachtaí d'fhonn comhsheasmhacht ghinearálta na sonraí a fheabhsú. Nuair a dhéantar luachanna na bliana tagartha a eachtarshuí le hinnéacsanna slabhracha méideanna, ní mór míniú a thabhairt do na húsáideoirí maidir le héagmais suimitheachta sna táblaí.
- 10.24 Sa chleachtas, ós rud é nach féidir praghsanna agus cainníochtaí a thomhas do tháirgí aonchineálacha uile i ngeilleagar, ríomhtar innéacsanna méideanna agus innéacsanna praghsanna trí úsáid a bhaint as samplaí de tháirgí aonchineálacha ionadaíocha, ar an tuiscint go n-athraíonn méideanna nó praghsanna táirgí nach n-áirítear sa sampla ar an mbealach céanna agus a athraíonn an meán samplach. Is gá, dá bharr sin, aicmiú táirgí a úsáid atá chomh mionsonraithe agus is féidir ionas go mbeidh an aonchineálacht is mó is féidir ag baint le gach táirge arna shainathint, is cuma cé chomh mion is atá na sonraí arna n-úsáid chun na torthaí a chur i láthair.
- 10.25 I bhfianaise na cothromóide a nascann an luachinnéacs, na hinnéacsanna praghsanna agus na hinnéacsanna méideanna, ní gá ach dhá innéacs a ríomh. Go hiondúil, faightear an luachinnéacs díreach gan ach comparáid a dhéanamh idir na luachanna foriomlána don tréimhse reatha agus don bhuntréimhse. Níl le déanamh ansin ach rogha a dhéanamh idir innéacs praghsanna nó innéacs méideanna a ríomh. I bhformhór na gcásanna, cruthaítear toimhde an athraithe chomhthreomhair trína gcruthaítear an modh níos mó ag úsáid praghsanna ná ag úsáid méideanna mar gur minic a bhíonn tionchar suntasach ag fachtóirí coiteanna amhail costas amhábar agus pá ar phraghsanna táirgí éagsúla. Sa chás sin, ríomhfar an t-innéacs praghsanna trí úsáid a bhaint as sampla táirgí de cháilíocht thairiseach le himeacht aimsire, agus gan an cháilíocht a bheith á cinneadh trí airíonna fisiceacha an táirge amháin ach trí na coinníollacha díola freisin, mar a mhínítear thuas. Ar an dóigh sin, taispeánfar na héagsúlachtaí uile sa luach foriomlán a thig as athruithe struchtúracha i measc na dtáirgí éagsúla mar éagsúlachtaí ar mhéideanna seachas ar phraghsanna.

I gcásanna áirithe, áfach, beidh sé níos fusa innéacs méideanna a ríomh agus a úsáid chun innéacs praghsanna a dhíorthú. Uaireanta féadfar gur fearr an luachinnéacs a ríomh ar bhonn innéacs praghsanna agus innéacs méideanna.

Táirgí nua

- 10.26 Glactar leis sa mhodh ríomha innéacsanna praghsanna agus innéacsanna méideanna a leagtar amach thuas go bhfuil na táirgí ann sa dá bhliain i ndiaidh a chéile. I ndáiríre, áfach, tá go leor táirgí ann a thaispeánann agus a imíonn ó bhliain go bliain, agus ní foláir go gcuirtear an méid sin san áireamh sna hinnéacsanna praghsanna agus sna hinnéacsanna méideanna. I gcás ina sainmhínítear méid trí úsáid a bhaint as praghsanna na bliana roimhe sin, níl aon deacracht ar leith i gcás táirgí a bhí ann sa bhliain roimhe sin ach nach bhfuil ann a thuilleadh sa bhliain reatha, ós rud é go bhfuil siad nasccha le cainníocht nialasach don bhliain reatha. Tá an fhadhb níos casta i gcás táirgí nua, ós rud é nárbh fhéidir praghas táirge nach bhfuil ann a thomhas don bhliain roimhe sin.

Tá dhá chineál cur chuige ann i gcás dá leithéid chun an praghas sa bhliain roimhe sin a thomhas: sa chéad mhodh glactar leis go n-athraíonn praghas an táirge nua amháin is a athraíonn praghas táirgí dá samhail, agus sa dara modh bítear ag iarraidh praghas an táirge nua a ríomh díreach is dá mba rud é go raibh sé ann sa bhuntréimhse. Sa chéad mhodh, níl i gceist ach innéacs praghsanna arna ríomh ar bhonn sampla de tháirgí aonchineálacha atá ann sa dá bhliain i ndiaidh a chéile, agus sa chleachtas úsáidtear an modh sin i gcás fhorhmhór na dtáirgí nua ós rud é go bhfuil táirgí nua róilíomhar chun iad a shonrú go sainráite, go háirithe nuair a chuirtear an sainmhíniú ar tháirgí aonchineálacha i bhfeidhm go dian. Leis an dara cur chuige, is iad na modhanna is minice a úsáidtear an modh héadónach ina gcinntear praghas an táirge ar bhonn a phríomhairíonna agus modh an ionchuir ina n-úsáidtear costas táirge chun a phraghas a ríomh.

Tá ceist na dtáirgí nua an-tábhachtach i réimsí áirithe. Déantar go leor earraí caipitil a tháirgeadh mar earra singil agus taispeántar iad, ar an ábhar sin, mar tháirgí nua. Is amhlaidh atá sé i gcás go leor seirbhísí nach soláthraítear riamh ar an mbealach ceannann céanna, e.g. seirbhísí taighde agus forbartha.

- 10.27 I gcomhair idirbheart seirbhísí, is minic a bhíonn sé níos deacra na saintréithe a chinneann na haonaid fhisiceacha a shonrú agus d'fhéadfadh tuairimí malartacha teacht chun cinn maidir leis na critéir ar cheart a úsáid. Féadfadh sé go mbainfidh an deacracht seo le tionscail thábhachtacha amhail seirbhísí idirghabhála airgeadais, mórdhíol agus miondhíol, seirbhísí do ghnóthais, oideachas, taighde agus forbairt, sláinte nó caitheamh aimsire. Tá an rogha maidir le haonaid fhisiceacha do ghníomhaíochtaí den sórt sin tugtha sa *Lámhleabhar ar aonaid tomhais praghsanna agus méideanna sna cuntais náisiúnta* ⁽¹⁾.

⁽¹⁾ Eurostat, *Lámhleabhar ar aonaid tomhais praghsanna agus méideanna sna cuntais náisiúnta*, 2001 (le fáil ar: <http://epp.eurostat.ec.europa.eu>).

Prionsabail i gcomhair seirbhísí neamh-mhargaidh

10.28 Baineann deacracht ar leith le bunú córais chuimsithigh maidir le hinnéacsanna praghsanna agus méideanna a chlúdaíonn gach soláthar agus úsáidí earraí agus seirbhísí nuair a dhéantar aschur seirbhísí neamh-mhargaidh a thomhas. Tá na seirbhísí den sórt sin difriúil ó sheirbhísí margaidh mar ní dhíoltar iad ag praghas an mhargaidh agus déantar a luach ag praghsanna reatha a ríomh mar shuim na gcostas arna dtabhtú. Is éard atá i gceist leis na costais sin: tomhaltas idirmheánach, cúiteamh d'fhostaithe, cánacha eile lúide fóirdheontais ar tháirgeadh agus idiú an chaipitil sheasta.

10.29 In éagmais praghsais mhargaidh an aonaid, is féidir costas an aonaid ar sheirbhís neamh-mhargaidh a mheas mar choibhéis an phraghsais. I ndáiríre, comhfhreagraíonn praghas táirge margaidh don chaiteachas nach foláir don ceannaitheoir a thabhtú chun seilbh a ghlacadh ar an táirge, agus comhfhreagraíonn costas aonaid ar sheirbhís neamh-mhargaidh don chaiteachas nach foláir don tsochaí a thabhtú chun úsáid a bhaint as an tseirbhís. Ar an ábhar sin, i gcás inar féidir aonaid chainníochta i leith seirbhísí neamh-mhargaidh a shainmhíniú, is féidir freisin na prionsabail ghinearálta maidir le hinnéacsanna méideanna agus le hinnéacsanna praghsanna a ríomh agus a bhfuil cur síos orthu thuas a chur i bhfeidhm.

Is féidir, de ghnáth, aonaid chainníochta i leith seirbhísí neamh-mhargaidh a thomhaltar ar bhonn aonair a shainmhíniú, amhail seirbhísí oideachais agus sláinte, rud a chiallaíonn nach foláir na prionsabail ghinearálta a chur i bhfeidhm mar chúrsa gnáthaimh i gcás seirbhísí den sórt sin.

Modh an aschuir a thugtar ar an modh ina ríomhtar méid trí chostais aonaid na bliana roimhe sin a chur i bhfeidhm maidir le cainníochtaí na bliana reatha.

10.30 Tá sé deacair, áfach, aonaid chainníochta i leith seirbhísí neamh-mhargaidh comhchoiteanna a shainmhíniú seirbhísí a bhaineann leis an rialtas ginearálta, le ceartas nó le cosaint. Sa chás sin, ní foláir modhanna eile a úsáid de réir analaí leis an modh ginearálta. Sa mhodh seo sainmhíniú ar bhonn phraghsanna na bliana roimhe sin, i.e. sainmhíniú méid mar chaiteachas a bheadh tabhaithe ag ceannaitheoirí murar rud é gur athraigh na praghsanna. Is féidir an sainmhíniú deireanach seo a úsáid nuair nach féidir aonad cainníochta a shainmhíniú ar an gcoinníoll go gcuirtear i bhfeidhm é maidir leis an gcaiteachas ina iomláine seachas maidir le haonad táirge. Ós rud é go gcinntear luach ar sheirbhís neamh-mhargaidh trí na costais lena mbaineann, is féidir, ar an ábhar sin, méid a ríomh trí luach na gcostas ag praghsanna na buntréimhse, i.e. trí luach ag praghsanna na buntréimhse ar thomhaltas idirmheánach, ar chúiteamh d'fhostaithe, ar chánacha eile atá glan ó fhóirdheontais ar tháirgeadh agus ar idiú caipitil sheasta. Tugtar modh an ionchuir ar an modh sin. Maidir le cúiteamh d'fhostaithe, idiú caipitil sheasta, cánacha agus fóirdheontais ar tháirgeadh a ríomh i dtéarmaí méideanna, clúdaítear iad sna míreanna a leanas.

Fiú sa chás is fabhraí de seirbhísí neamh-mhargaidh arna dtomhailt ar bhonn aonair, amhail seirbhísí oideachais agus sláinte, ní furasta i gcónaí táirgí aonchineálacha a shonrú. Ar ndóigh, is annamh a shainmhíniú saintréithe seirbhísí den sórt sin ar bhealach atá beacht go leor chun a chinneadh gan dabht ar bith an féidir an dá aonad seirbhíse éagsúil a mheas mar aonaid choibhéiseacha nó nach féidir, i.e. más gá a mheas go gcomhfhreagraíonn siad don táirge aonchineálach ceannann céanna nó do dhá tháirge ar leith. Is féidir leis na cuntasóirí náisiúnta dhá chritéar coibhéise a choimeád.

(a) Critéar an chostais aonaid: meastar go bhfuil dhá aonad de sheirbhísí neamh-mhargaidh coibhéiseach má tá an costas aonaid céanna acu. Bunaítear an critéar seo ar an smaoineamh gurb iad siúd, ar bhonn comhchoiteann, a thairbhíonn de sheirbhísí poiblí a chinneann iad agus a íocann astu freisin. Mar shampla, cinneann na saoránaigh na seirbhísí poiblí trína n-ionadaithe agus íocann siad astu trí chánacha. Faoi na coinníollacha den sórt sin, ní féidir bheith ag súil go n-íocfaidh na saoránaigh praghsanna éagsúla ar aonaid seirbhísí a mheasann siad a bheith coibhéiseach. Ar an dóigh sin, de réir an chritéir seo, ní foláir a mheas go gcomhfhreagraíonn dhá aonad seirbhíse ar chostas difriúil do tháirgí difriúla agus is é príomhthréith táirge aonchineálaigh neamh-mhargaidh aontacht a chostais aonaid.

(b) Critéar an toraidh: meastar go bhfuil dhá aonad de sheirbhísí neamh-mhargaidh coibhéiseach má thugann siad an toradh céanna. Bunaítear an critéar seo ar an smaoineamh gur féidir dhá aonad seirbhíse a mheasann saoránaigh mar aonaid choibhéiseacha a tháirgeadh ag costais éagsúla, áfach, mar nach seiceálann na saoránaigh go hiomlán próiseas táirgthe na seirbhísí. Níl critéar an chostais aonaid ábhartha a thuilleadh ansin agus ní foláir critéar a chomhfhreagraíonn d'úsáideacht na seirbhísí neamh-mhargaidh don tsochaí a chur ina ionad.

Mar gur léir go minic go bhfuil critéar an toraidh níos ábhartha, cuireadh go leor saothar i gcrích chun modhanna bunaithe ar an gcritéar a fhorbairt agus leantar den tairghe chun feabhas a chur orthu. Sa chleachtas, áfach, is minic arb é an toradh ar na modhanna den sórt sin go ndéantar comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar chainníochtaí a thabhairt isteach i ríomh méideanna; is éard a ghairtear orthu ansin modhanna ina bhfuil ceartúcháin sainráite a bhaineann le cáilíocht.

Baineann an phríomhdheacracht agus na modhanna den sórt sin á gcur chun feidhme le toradh a shainmhíniú agus a thomhas. Ar ndóigh, le linn do thoradh a bheith á thomhas glactar leis go bhfuil cuspóirí sainithe ann, rud nach bhfuil chomh simplí sin i réimse na seirbhísí neamh-mhargaidh. Mar shampla, cad iad cuspóirí na seirbhíse sláinte poiblí: an chaol ina bhfuil an tsláinte phoiblí a fheabhsú nó saolré duine a fhadú? Cinnte, tá an dá cheann i

gceist, ach conas a dhéantar na cuspóirí éagsúla a mheas mura bhfuil siad coibhéiseach? Mar shampla, cad é an chóireáil is fearr a chuirfeadh ar chumas duine maireachtáil folláin ar feadh bliana breise nó cóireáil a chuirfeadh ar chumas duine maireachtáil in easláinte ar feadh dhá bhliain bhreise? Ina theannta sin, is minic a bhíonn meastacháin ar thoradh conspóideach, agus dá bhrí sin, in go leor tíortha, bíonn conspóidí ann go rialta maidir le feabhas nó meath feidhmíocht scolaíochta na ndaltaí.

San Aontas Eorpach, i bhfianaise na ndeacrachtaí coincheapúla agus an easnamh chomhaontaithe i dtaobh modhanna aschuir arna gcoigeartú i leith cáilíochta (bunaithe ar thoradh), eisiatar modhanna den sórt sin ar bhonn gcreat lárnach chun inchoimparáideacht na dtorthaí a chaomhnú. Coimeádtar modhanna den sórt sin ar bhonn roghnach le haghaidh na dtáblaí forlíontacha fad is atáthar ag leanúint den taighde. Ar an dóigh sin, i réimse sláinte agus oideachais neamh-mhargaidh, ní foláir na meastacháin táirgthe agus tomhaltais i dtéarmaí méideanna a ríomh ar bhonn aonad tomhais ar aschur díreach — nach bhfuil coigeartaithe — trí na cainníochtaí arna dtáirgeadh ag costais aonaid na seirbhísí den sórt sin sa bhliain roimhe sin a mheas, gan aon cheartúchán a chur i bhfeidhm orthu chun cáilíocht a chur san áireamh. Ní foláir na modhanna den sórt sin a chur i bhfeidhm ag leibhéal atá mionsonraithe go leor; tá an t-íosleibhéal sainmhínithe i Lámhleabhar Eurostat — *Lámhleabhar ar aonaid tomhais praghsanna agus méideanna sna cuntais náisiúnta*.

Cé gur fearr úsáid na modhanna atá bunaithe ar ionchur a sheachaint de ghnáth, is féidir, i réimse na sláinte, modh an ionchuir a chur i bhfeidhm nuair atá an éagsúlacht seirbhísí chomh mór sin nach féidir táirgí aonchineálacha a chinneadh. Ina theannta sin, ba cheart faisnéis míniúcháin a bheith ag gabháil leis na meastacháin sna cuntais náisiúnta a dhíreoidh aird na n-úsáideoirí ar na modhanna tomhais.

Prionsabail i gcomhair breisluacha agus OTI

10.31 Is é breisluach, an ítim chomhardaithe sa chuntas táirgeachta, an t-aon ítim chomhardaithe amháin atá mar chuid de chóras comhtháite na n-innéacsanna praghsanna agus méideanna. Ní mór béim a leagan, áfach, ar shaintréithe an-speisialta na hítim sin, mar aon le tábhacht na n-innéacsanna praghsanna agus méideanna a bhaineann léi.

Murab ionann is na sreafaí éagsúla earraí agus seirbhísí, níl aon chatagóir ar leith idirbheart i gceist le breisluach. Dá bhrí sin, ní féidir é a mhiondealú go díreach i gcomhpháirteanna praghsais agus méid.

10.32 *Sainmhíniú:* sainmhínítear breisluach i dtéarmaí méideanna mar an difríocht idir aschur i dtéarmaí méideanna agus tomhaltas idirmheánach i dtéarmaí méideanna.

$$VA = \sum P(0) Q(1) - \sum p(0) q(1)$$

i gcás gur praghsanna agus cainníochtaí i gcomhair aschuir iad P agus Q agus gur praghsanna agus cainníochtaí i gcomhair tomhaltais idirmheánaigh iad p agus q. Is é an modh ceart de réir na teoirice chun breisluach a ríomh ag praghsanna tairiseacha ná dhíbhóilsciú dúbailte, i.e. dhá shreabhadh an chuntais táirgeachta (aschur agus tomhaltas idirmheánach) a dhíbhóilsciú ar bhonn leithligh agus comhardú an dá shreabhadh athluacháilte sin a ríomh.

10.33 I gcásanna áirithe, nuair nach bhfuil na sonraí staidrimh iomlán nó iontaofa go leor, féadfar gur gá úsáid a bhaint as táscaire amháin. Má tá sonraí maithe ann faoi bhreisluach ag praghsanna reatha, rogha mhalartach amháin ar dhíbhóilsciú dúbailte is ea breisluach reatha a dhíbhóilsciú díreach trí bhíthin innéacs praghsanna i gcomhair aschuir. Leis sin tugtar le tuiscint go n-athraíonn praghsanna i gcomhair tomhaltais idirmheánaigh ag an ráta céanna agus praghsanna i gcomhair aschuir. Cur chuige eile is féidir a úsáid is ea breisluach na bonnbhliana a eachtarshuí trí bhíthin innéacs méideanna i gcomhair aschuir. Is féidir an t-innéacs méideanna sin a ríomh díreach ó shonraí cainníochta nó trí bhíthin luach reatha an aschuir a dhíbhóilsciú de réir innéacs praghsanna cuí. Déanta na fírinne, glactar leis sa mhodh sin gurb ionann na hathruithe ar an méid i gcomhair aschuir agus i gcomhair tomhaltais idirmheánaigh.

I gcás tionscal seirbhíse áirithe margaidh agus neamh-mhargaidh, amhail airgeadas, seirbhísí gnó, nó cosaint, féadann sé nach bhfuil sé indéanta meastacháin shásúla a fháil ar athruithe ar phraghsanna ná ar mhéideanna i gcomhair aschuir. I gcásanna den sórt sin, is féidir meastachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí breisluacha i dtéarmaí méideanna trí bhíthin athruithe ar chúiteamh d'fhostaithe ag rátaí pá na bliana roimhe sin agus athruithe ar thomhaltas caipitil sheasta i dtéarmaí méideanna. Féadfaidh sé go mbeidh ar lucht tiomsaithe sonraí réitigh den sórt sin a ghlacadh, fiú nuair nach bhfuil cúis mhaith ann glacadh leis go bhfanfaidh táirgiúlacht saothair gan athrú sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma.

10.34 De réir a nádúir féin, dá bhrí sin, tá na hinnéacsanna méideanna agus praghsanna i gcomhair breisluacha difriúil ó na hinnéacsanna comhfhreagracha i gcomhair sreafaí earraí agus seirbhísí.

Tá an rud céanna i gceist le hinnéacsanna praghsanna agus méideanna na n-ítimí comhardaithe comhiomlána amhail olltáirgeacht intíre. Is ionann luach an chinn dheireanaigh seo agus suim breisluachanna na dtionscal ar fad, i.e. suimeáil ítimí comhardaithe, móide cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí agus ó dhearcadh eile is féidir breathnú air mar ítim atá in ionannas leis an ítim chomhardaithe idir iomlán na n-úsáidí críochnaitheacha agus allmhairí.

FADHBANNA SONRACHA MAIDIR LEIS NA PRIONSABAIL A CHUR I bhFEIDHM

10.35 Cé go bhfuil sé teoranta go bunúsach d'idirbhearta lena mbaineann earraí nó seirbhísí, ní choscann córas comhtháite na n-innéacsanna praghsanna agus méideanna an fhéidearthacht aonaid tomhais ar athruithe ar phraghsanna agus ar mhéideanna a ríomh i gcomhair idirbheart áirithe eile.

Cánacha agus fóirdheontais ar tháirgí agus ar allmhairí

10.36 Tá an fhéidearthacht a luaitear thuas ann, go háirithe, i gcás cánacha agus fóirdheontais atá nasctha go díreach le cainníocht nó luach na n-earraí agus na seirbhísí atá faoi réir idirbheart áirithe. Sna táblaí soláthair agus úsáide, léirítear go sainráite luachanna na gcánach agus na bhfóirdheontas sin. Trí bhíthin na rialacha arna dtuairisciú thíos a chur i bhfeidhm, is féidir teacht ar aonaid tomhais praghsanna agus méideanna i gcomhair na gcatagóirí cánacha agus fóirdheontas a dhéantar a thaifeadh sna cuntais earraí agus seirbhísí, eadhon:

(a) cánacha ar tháirgí, gan CBL a áireamh (D.212 agus D.214);

(b) fóirdheontais ar tháirgí (D.31);

(c) CBL ar tháirgí (D.211).

10.37 Is é an cás is simplí cás na gcánacha ar suim sheasta iad in aghaidh aonad cainníochta an táirge is ábhar don idirbheart. Braitheann luach an ioncaim ó cháin den sórt sin ar an méid seo a leanas:

(a) cainníocht na dtáirgí a bhaineann leis an idirbheart;

(b) an tsuim arna tobhach in aghaidh an aonaid, i.e. an praghas cánachais.

Is ar éigean a bhaineann deacracht ar bith le miondealú an athraithe ar luach ina dhá chomhpháirt. Cinneann an t-athrú ar chainníochtaí na dtáirgí faoi cháin an éagsúlacht i méid; comhfhreagraíonn an éagsúlacht i bpraghas don athrú ar an tsuim arna tobhach in aghaidh an aonaid, i.e. don athrú ar an bpraghas cánachais.

10.38 Cás a bhíonn ann níos minice is ea an cás nuair is céatadán áirithe de luach an idirbhirt í an cháin. Ansin, braitheann luach an ioncaim ó cháin den sórt sin ar an méid seo a leanas:

(a) cainníocht na dtáirgí a bhaineann leis an idirbheart;

(b) praghas na dtáirgí a bhaineann leis an idirbheart;

(c) an ráta cánach (mar chéatadán).

Ansin faightear an praghas cánachais tríd an ráta a chur i bhfeidhm maidir le praghas an táirge. Is féidir an t-athrú ar luach an ioncaim ó cháin den chineál sin a roinnt freisin idir athrú ar an méid a léiríonn an t-athrú ar chainníochtaí na dtáirgí faoi cháin, agus athrú ar phraghas a chomhfhreagraíonn don athrú ar an bpraghas cánachais ($b \times c$).

10.39 Déantar suim na gcánacha ar tháirgí (gan CBL a áireamh) (D.212 agus D.214) a thomhas i dtéarmaí méideanna trí bhíthin praghsanna cánachais na bonnbhliana a chur i bhfeidhm maidir le cainníochtaí na dtáirgí arna dtáirgeadh nó arna n-allmhairiú nó trí bhíthin rátaí cánach na bonnbhliana a chur i bhfeidhm maidir le luach an aschuir nó na n-allmhairí, arna n-athluacháil ag praghsanna na bonnbhliana. Ní mór aird a thabhairt air go bhféadfadh difríocht a bheith ann idir na praghsanna cánachais i measc úsáidí difriúla. Cuirtear an ghné sin san áireamh sna táblaí soláthair agus úsáide.

10.40 Ar an dóigh chéanna, déantar suim na bhfóirdheontas ar tháirgí (D.31) a thomhas i dtéarmaí méideanna trí bhíthin praghsanna fóirdheontais na bonnbhliana a chur i bhfeidhm maidir le cainníochtaí na dtáirgí arna dtáirgeadh nó arna n-allmhairiú nó trí bhíthin rátaí fóirdheontais na bonnbhliana, ag cur praghsanna éagsúla fóirdheontas i gcomhair úsáidí éagsúla san áireamh, a chur i bhfeidhm maidir le luach an aschuir nó na n-allmhairí, arna n-athluacháil ag praghsanna na bonnbhliana.

10.41 Déantar CBL ar tháirgí (D.211) a ríomh, don gheilleagar iomlán agus do thionscail aonair agus d'úsáideoirí eile araon, ar bhonn glanmhéid agus níl ach CBL neamh-asbhainteach i gceist leis. Tá sé seo sainmhínithe mar an difríocht idir CBL arna sonrasc ar na táirgí agus CBL asbhainteach ag úsáideoirí na dtáirgí sin. De rogha eile air sin, is féidir freisin CBL ar tháirgí a shainmhíniú mar shuim na suimeanna neamh-asbhainteacha go léir a chaithfidh úsáideoirí a íoc.

Is féidir CBL neamh-asbhainteach i dtéarmaí méideanna a ríomh trí bhíthin na rátaí CBL atá i bhfeidhm sa bhliain roimhe sin a chur i bhfeidhm maidir leis na sreafaí arna sloinneadh mar phraghsanna na bliana roimhe sin. Léireofar aon athrú ar an ráta CBL don bhliain reatha san innéacs praghsanna seachas san innéacs méideanna don CBL neamh-asbhainteach.

Féadfaidh athrú teacht ar an gcéatadán den CBL neamh-asbhainteach atá ar áireamh sa CBL arna sonrasc agus, ar an dóigh sin, féadfaidh athrú teacht ar CBL neamh-asbhainteach:

- (a) de bharr athrú ar an gceart chun CBL a asbhaint, de thoradh athrú ar dhlíthe cánach nó rialacháin chánach, a thagann i bhfeidhm láithreach nó tar éis tréimhse ama;
- (b) nó de bharr athrú ar phatrún na n-úsáidí a bhaintear as an táirge (e.g. méadú ar líon na n-úsáidí ar féidir CBL a asbhaint ina leith).

De réir an mhodha arna thuairisciú anseo, déanfar an t-athrú ar an tsuim de CBL asbhainteach atá ann de thoradh athrú ar an gceart chun CBL a asbhaint, a láimhseáil mar athrú ar an bpraghas cánachais, mar a dhéanfar i gcás athrú ar an ráta CBL arna sonrasc.

Ar an taobh eile, is é atá i gceist le hathrú ar an tsuim de CBL asbhainteach de thoradh athrú ar phatrún na n-úsáidí a bhaintear as táirge ná athrú ar an méid CBL asbhainteach atá le léiriú in innéacs an mhéid CBL ar tháirgí.

Cánacha eile agus fóirdheontais ar tháirgeadh

- 10.42 Tá deacracht ar leith ag baint leis an mbealach ina láimhseáiltear cánacha eile (D.29) agus fóirdheontais ar tháirgeadh (D.39) a mhéid is nach féidir, de réir sainmhínte, iad a shannadh go díreach ar aonaid a tháirgtear. I gcás seirbhísí neamh-mhargaidh, tá an fhadhb sin níos measa fós toisc nach n-úsáidtear iad ach amháin nuair nach féidir aonaid chainníochta a shainmhíniú. Mar sin féin, is féidir de ghnáth teacht timpeall ar an bhfadhb sin trí chánacha eile agus fóirdheontais ar tháirgeadh a shainmhíniú i dtéarmaí méideanna de réir na suime a n-ardófaí iad chuici dá mba rud é nach raibh aon athrú sna rialacha maidir le cánacha agus praghsanna ina iomláine i ndáil leis an mbliain roimhe sin. Mar shampla, is féidir cánacha ar mhaoin nó úsáid sócmhainne a mheas i dtéarmaí méideanna trí na rialacha agus praghsanna sócmhainní na bliana roimhe sin a chur i bhfeidhm maidir leis an tréimhse reatha.

Ídiú an chaipitil sheasta

- 10.43 Ní deacair aonaid tomhais méideanna i gcomhair ídiú an chaipitil sheasta a ríomh más rud é go bhfuil sonraí iontaoifa ar fáil maidir le comhdhéanamh stoc na n-earraí caipitil sheasta. Fágann modh an stoc-chuntais shíoraí, atá in úsáid i bhformhór na dtíortha, gur gá ar an gcéad dul síos meastachán ar ídiú an chaipitil sheasta ag praghsanna reatha, stoc earraí caipitil sheasta a ríomh i dtéarmaí méideanna a chomhlíonadh. Má táthar chun luacháil de réir costais athsholáthair a úsáid seachas luacháil de réir costais stairiúil, ní mór, ar an gcéad dul síos, earraí caipitil a fhaightear mar éadáil le linn tréimhsí éagsúla a luacháil ar bhonn aonchineálach, i.e. praghsanna bonnbhliana. Is féidir, dá bhrí sin, na hinnéacsanna praghsanna agus méideanna a dhíorthaítear sa phróiseas a úsáid chun luach ídiú an chaipitil sheasta i dtéarmaí méideanna agus an t-innéacs praghsanna gaolmhar a ríomh.

I gcás nach bhfuil stoc-chuntas síoraí ann de stoc na n-earraí caipitil sheasta, is féidir an t-athrú ar ídiú caipitil sheasta i dtéarmaí méideanna a bhaint amach trí bhíthin na sonraí ar phraghsanna reatha a dhíbhóilsciú trí innéacsanna praghsanna arna ndíorthú ó shonraí ar ollfhoirmiú caipitil sheasta de réir táirge. Ní mór, ansin, struchtúr aoise na n-earraí caipitil a fhaightear mar éadáil a chur san áireamh.

Cúiteamh d'fhostaithe

- 10.44 Chun méid an ionchuir ó shaothar fostaithe a thomhas, is féidir a mheas gurb é saothar uaire an chloig de chineál áirithe agus de leibhéal áirithe scile an t-aonad cainníochta do chúiteamh d'fhostaithe. Ach oiread le hearraí agus seirbhísí, ní mór a chur san áireamh go bhfuil cáilíochtaí éagsúla oibre ann agus ní mór cóimheasa cainníochta a ríomh i gcomhair gach uile chineál oibre ar leith. Is é an cúiteamh a íoctar in aghaidh na huaire an chloig an praghas a bhaineann le gach cineál oibre, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil, ar ndóigh, ó chineál amháin oibre go cineál eile oibre. Is féidir aonad tomhais ar an méid oibre a rinneadh a ríomh mar mheán ualaithe na gcóimheas cainníochta i gcás cineálacha éagsúla oibre, ag úsáid na luachanna ar chúiteamh d'fhostaithe sa bhliain roimhe sin nó sa bhonnbhliain sheasta mar ualach. De rogha air sin, is féidir innéacs rátaí pá a ríomh don obair trí mheán ualaithe na n-athruithe comhréireacha ar chúiteamh in aghaidh na huaire an chloig a ríomh i gcás cineálacha éagsúla oibre, ag úsáid cúiteamh d'fhostaithe mar ualaí. Más rud é go ríomhtar innéacs méideanna de chineál Laspeyres go hindíreach trí na hathruithe ar chúiteamh d'fhostaithe ag luachanna reatha a dhíbhóilsciú trí innéacs an mheánathraithe ar chúiteamh in aghaidh na huaire an chloig, innéacs de chineál Paasche ba cheart a bheith sa cheann deireanach sin.

Stoic de shócmhainní seasta táirgthe agus fardail

- 10.45 Bíonn gá le méideanna ag praghsanna na bliana roimhe sin le haghaidh stoic de shócmhainní seasta táirgthe agus le haghaidh na bhfardal araon. I gcás na stoc de shócmhainní seasta, tá na sonraí is gá ar fáil chun an cóimheas caipitil le haschur a ríomh más rud é go n-úsáidtear modh an stoc-chuntais shíoraí. I gcásanna eile, is féidir faisnéis ar luachanna na stoc sócmhainní a bhailiú ó na táirgeoirí agus is féidir an díbhóilsciú a chur i gcrích trí bhíthin na n-innéacsanna praghsanna arna n-úsáid i gcomhair ollfhoirmiú caipitil sheasta, ach struchtúr aoise na stoc a chur san áireamh.

Déantar athruithe ar fhardail a thomhas de réir luach na n-iontrálacha sna fardail lúide luach na n-aistarraingtí as na fardail agus luach aon chailteanas athfhillteach earraí á sealbhú sna fardail le linn tréimhse áirithe. Is féidir méideanna ag praghsanna na bliana roimhe sin a dhíorthú trí na comhpháirteanna sin a dhíbhoilsciú. Sa chleachtas, áfach, is fíor-annamh a bhítear ar an eolas faoi iontrálacha agus aistarraingtí stoc, agus is minic arb é luach na stoc ag tús agus ag deireadh na tréimhse an t-aon fhaisnéis atá ar fáil. Sa chás den sórt sin, ní foláir glacadh leis go minic go ndéantar iontrálacha agus aistarraingtí rialta i rith na tréimhse reatha, sa chaoi is gur féidir a mheas go bhfuil an meánphraghas don tréimhse ábhartha d'iontrálacha agus d'aistarraingtí araon. In imthosca den sórt sin, is ionann éagsúlacht sna stoic a ríomh de réir na difríochta idir luachanna na n-iontrálacha agus na n-aistarraingtí agus iad a ríomh de réir na difríochta idir luachanna na stoc tosaigh agus deiridh. Is féidir an éagsúlacht sna stoic i dtearmaí méideanna a ríomh ansin trí na stoic thosaigh agus dheiridh a dhíbhoilsciú chun iad a chur i gcomhréir leis an meánphraghas sa bhuntréimhse. Nuair is eol na héagsúlachtaí sna stoic i dtéarmaí cainníochta, is féidir, ag glacadh leis arís go ndéantar iontrálacha agus aistarraingtí rialta, méid na héagsúlachta sna stoic a ríomh trí mheánphraghas na buntréimhse a chur i bhfeidhm maidir leis an éagsúlacht sna stoic i dtéarmaí cainníochta.

AONAIÐ TOMHAIS IONCAIM RÉADAIGH DON GHEILLEAGAR IOMLÁN

10.46 Ní féidir de ghnáth sreafaí ioncain a roinnt ina gcomhpháirteanna praghaís agus cainníochta agus, dá bhrí sin, ní féidir aonaid tomhais praghsanna agus méideanna a shainmhíniú sa tslí ina shainmhínítear sreafaí agus stoic táirgí. Ní féidir sreafaí ioncain a thomhas i dtéarmaí réadacha ach amháin má roghnaítear bascaed áirithe earraí agus seirbhísí réamhroghnaithe ar a gcaitear an t-ioncam de ghnáth agus má úsáidtear an t-innéacs praghsanna don bhascaed sin mar dhíbhoilsceoir do na hioncain reatha. Is rogha threallach a bheidh ann i gcónaí sa mhéid is gurb annamh a chaitear ioncam go sonrach ar cheannacháin le linn na tréimhse i dtrácht. Is féidir cuid de a chur i dtaisce i gcomhair ceannacháin ina dhiaidh sin, nó is féidir na ceannacháin a mhaoiniú go páirteach le coigilteas a rinneadh roimhe sin.

10.47 Le holltáirgeacht intíre ag praghsanna na bliana roimhe sin tomhastar an táirgeadh iomlán (lúide tomhaltas idirmheánach) i dtéarmaí méideanna i ndáil leis an ngeilleagar iomlán. Ní amháin go bhfuil ioncam réadach iomlán na gcónaitheoirí faoi thionchar an méid seo a táirgeadh ach freisin an ráta ag ar féidir onnmhairí a thrádáil os coinne allmhairí ón gcuid eile den domhan. Má thagann feabhas ar na téarmaí trádála, is amhlaidh is lú líon na n-onnmhairí is gá chun íoc as méid áirithe allmhairí, rud a fhágann gur féidir, ag leibhéal áirithe táirgeachta intíre, earraí agus seirbhísí a ath-leithdháileadh ó onnmhairí chuig tomhaltas nó chuig foirmiú caipitil.

Is féidir an t-ollioncam réadach intíre a dhíorthú trí bhíthin an gnóthachan trádála (mar a thugtar air) a shuimiú leis na figiúirí de mhéideanna a bhaineann le holltáirgeacht intíre. Sainmhínítear an gnóthachan trádála — nó, an cailteanas trádála, de réir mar a bheidh — mar seo a leanas:

$$T = \frac{X - M}{P} - \left[\frac{X}{P_x} - \frac{M}{P_m} \right]$$

i.e. comhardú reatha na n-onnmhairí lúide na n-allmhairí, arna dhíbhoilsciú le hinnéacs praghsanna P, lúide an difríocht idir luach díbhoilscithe na n-onnmhairí agus luach díbhoilscithe na n-allmhairí. Ba cheart gurb iad údarais staidrimh na tíre i dtrácht a roghnódh díbhoilsceoir iomchuí P i gcomhair na gcomharduithe reatha trádála, ag cur dálaí leithleacha na tíre sin san áireamh. I gcás neamhchinnteacht a bheith ag baint le roghnú an díbhoilsceora is dócha go mbeadh meán innéacsanna praghsanna allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin ina dhíbhoilsceoir iomchuí.

Déantar comhiomláin éagsúla an ioncain réadaigh a shainnithint agus a shainmhíniú ar mar a leanas:

olltáirgeacht intíre i dtéarmaí méideanna

móide an gnóthachan nó an cailteanas trádála i ngeall ar athruithe ar téarmaí trádála

atá cothrom le hollioncam intíre réadach

móide ioncain phríomha réadacha is infhála ón gcoigríoch

lúide ioncain phríomha réadacha is iníochta leis an gcoigríoch

atá cothrom le hollioncam náisiúnta réadach

móide aistrithe reatha réadacha is infhála ón gcoigríoch

lúide aistrithe reatha réadacha is iníochta leis an gcoigríoch

atá cothrom le hollioncam indiúscartha náisiúnta réadach

lúide ídiú an chaipitil sheasta i dtéarmaí méideanna

atá cothrom le glanioncam indiúscartha náisiúnta réadach.

Ionas gur féidir comhiomláin éagsúla an ioncain náisiúnta a shloinneadh i dtéarmaí réadacha, moltar an t-ioncam agus na haistrithe infhála is iníochta leis an gcoigríoch agus is ón gcoigríoch a dhíbhoilsciú le hinnéacs ollchaitheachais chríochnaithigh intíre. Ní foláir ioncam indiúscartha náisiúnta réadach a shloinneadh i dtéarmaí glana trí bhíthin ídiú an chaipitil sheasta i dtéarmaí méideanna a asbhaint óna luach comhlán.

COMPARÁIDEACHT IDIRNÁISIÚNTA INNÉACSANNA PRAGHSANNA AGUS MÉIDEANNA

- 10.48 Is dúshlán do chomparáidí idirnáisiúnta pragsanna agus méideanna é go bhfuil leibhéil dhifriúla phragsanna agus airgeadraí difriúla ag tíortha éagsúla. Níl na rátaí malairte ainmniúla oiriúnach mar fhachtóirí comhshóiteachta i gcomparáideachtaí dá samhail, mar nach léiríonn siad na difríochtaí sna leibhéil phragsanna ar shlí dhóthanach toisc nach bhfuil siad cobhsaí go leor le himeacht ama.
- 10.49 Ina ionad sin, cuirtear paireachtaí cumhachta ceannaigh (PCC) i bhfeidhm. Sainmhínear PCC mar an líon aonad d'airgeadra thír B is gá i dtír B chun an méid céanna earraí agus seirbhísí a cheannach agus a cheannódh aonad amháin d'airgeadra thír A i dtír A. Is féidir PCCanna a thuiscint, de ghnáth, mar ráta malairte airgeadra shaorga dá ngairtear an caighdeán cumhachta ceannaigh de ghnáth (PPS). Má dhéantar caiteachais thíortha A agus B, arna lua in airgeadraí náisiúnta, a chomhshó i gcaighdeáin chumhachta ceannaigh, luaitear na figiúirí ag an leibhéal céanna pragsanna agus san airgeadra céanna, rud a cheadaíonn comparáid fhóinteach idir mhéideanna.
- 10.50 Tá na PCCanna d'earraí agus seirbhísí margaidh bunaithe ar shuirbhéanna idirnáisiúnta praghais. Déantar suirbhéanna praghais den sórt sin go comhuaineach sna tíortha rannpháirteacha go léir, bunaithe ar shampla comhchoiteann táirgí. Sonraítear na hítimí samplacha sin i dtéarmaí a saintréithe teicniúla, chomh maith le hathrúga eile a mheastar go bhfuil tionchar acu ar an bpragas, amhail costais suiteála agus téarmaí díolacháin. Cé go dtugtar tosaíocht do chomparáideacht na n-ítimí samplacha, ní foláir mar sin féin í a ualú in aghaidh a gcumais ionadaíochta sna margáí náisiúnta. Ba cheart an sampla táirgí a bheith chomh hionadaíoch céanna sna tíortha rannpháirteacha go léir.
- 10.51 I gcás seirbhísí neamh-mhargaidh, tá an fhadhb chéanna ag comparáidí idirnáisiúnta agus atá ag comparáidí idir amanna, toisc nach bhfuil aon phragsanna margaidh ann cheana i gceachtar den dá ghné. Go traidisiúnta, táthar tar éis cur chuige an ionchuir (nó cur chuige chostais an ionchuir) a chur i bhfeidhm, ar an mbonn go bhfuil aschur cothrom le suim na n-ionchur. Leis an gcur chuige sin, ina dtugtar comparáidí díreacha nó indíreacha méideanna ionchuir le tuiscint, ní féidir difríochtaí sa táirgiúlacht a chur san áireamh. Dá bhrí sin, mar a tharlaíonn i gcás comparáidí idir amanna, is fearr modhanna a dhíríonn ar an aschur a thomhas go díreach nó ar phragsanna aschuir a úsáidtear ina dhiaidh sin chun caiteachas a dhíbhoilsciú, ar a laghad i gcás seirbhísí aonair amhail oideachas agus sláinte.
- 10.52 I gcás ríomh PCCanna agus innéacsanna idir amanna araon, cuirtear na foirmlí céanna i bhfeidhm maidir leis an uimhir innéacs. I gcomhthéacs déthaobhach a bhaineann le dhá thír, A agus B, is féidir aon cheann den dá thír a úsáid chun ualaí a thabhairt. Faoi dhearcadh thír A, is féidir innéacs de chineál Laspeyres ina bhfuil ualaí ó thír A a ríomh chomh maith le hinnéacs de chineál Paasche ina n-úsáidtear ualaí ó thír B. Mar sin féin, má tá dhá gheilleagar éagsúil ó thaobh struchtúir de, féadfar go mbeidh an bhearna idir an dá innéacs sin leathan go leor, agus bheadh an toradh deiridh go mór faoi thionchar rogha an innéacs. I gcomparáidí dénártha, is fearr, ar an ábhar sin, meán an dá thír a chur i bhfeidhm, eadhon, innéacs Fisher.
- 10.53 De ghnáth, ní bhíonn ualaí uimhriúla sainráite ar fáil ag leibhéal ítimí samplacha aonair. Dá bhrí sin, déantar foirm ualaithe intuigthe a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an nglacann tíortha áirithe le hítimí áirithe mar ionadaíoch do phatrún an t-omháltais intíre nó nach nglacann. Maidir leis an leibhéal comhiomlánaithe is ísle a bhfuil ualaí uimhriúla ar fáil dó, tagraítear dó mar leibhéal an bhun-cheannteidil.
- 10.54 Tugtar le tuiscint le haistreach gurb ionann an PCC díreach idir thíortha A agus C agus PCC indíreach arna dhíorthú trí PCC díreach idir thíortha A agus B (nó aon tríú tír) a iolrú faoi PCC díreach idir thíortha B agus C. Níl PCCanna Fisher ar leibhéal an bhun-cheannteidil aistreach, ach is féidir iad a dhíorthú ó shraith PCCanna aistreacha atá cosúil le hinnéacsanna bunaidh Fisher, agus critéar na n-íoschearnóg a úsáid. Tríd an bhfoirmle ar a dtugtar Éltető-Köves-Szulc (EKS) a chur i bhfeidhm íoslaghdaítear na diallais idir innéacsanna bunaidh Fisher agus soláthraítear sraith iomlán PCCanna aistreacha ag leibhéal an bhun-cheannteidil.
- 10.55 Déantar an tsraith PCCanna aistreacha a eascraíonn as an méid sin do na tíortha go léir agus do na bun-cheannteidil go léir a chomhiomlánú go leibhéal an OTI iomláin ag úsáid caiteachas ó chuntais náisiúnta mar ualaí. Is féidir na PCCanna comhiomlána ag leibhéal an OTI nó aon chatagóir eile a chur i bhfeidhm, mar shampla, chun caiteachas réadach agus innéacsanna méideanna a úsáidtear i gcomparáidí idir thíortha a ríomh. Má roinntear PCC ar an ráta malairte ainmniúil idir dhá thír faightear innéacs na leibhéal pragsanna, ar féidir é a úsáid chun leibhéil chomparáideacha pragsanna tíortha a anailísiú.
- 10.56 Tá an Coimisiún Eorpach (Eurostat) freagrach as PCCanna a ríomh do na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 ⁽¹⁾. Sa chleachtas, tá na PCCanna sin mar dhlúthchuid de chlár níos leithne PPC arna chomhordú i gcomhpháirt idir Eurostat agus an ECFE. Tá cur síos ar na modhanna mionsonraithe arna n-úsáid sa chlár i *Lámhleabhar modheolaíochta Eurostat-ECFE maidir le paireachtaí cumhachta ceannaigh* ⁽²⁾.

(1) Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna le haghaidh faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir le Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh agus le haghaidh na Paireachtaí sin a ríomh agus a scaipeadh (IO L 336, 20.12.2007, lch. 1).

(2) Eurostat –ECFE — *Lámhleabhar modheolaíochta Eurostat-ECFE maidir le paireachtaí cumhachta ceannaigh*, 2006 (le fáil ar: <http://epp.eurostat.ec.europa.eu>).

CAIBIDIL 11

DAONRA AGUS IONCHUR SAOTHAIR

- 11.01 Ní bhíonn ciall cheart le comparáidí áirithe idir thíortha, idir thionscail ná idir earnálacha laistigh den gheilleagar céanna go dtí go n-amharctar ar na comhiomláin sna cuntais náisiúnta (mar shampla, olltáirgeacht náisiúnta, tomhaltas críochnaitheach na dteaghlach, breisluach tionscail, cúiteamh d'fhostaithe) ó thaobh líon na n-áitritheoirí agus ó thaobh athróg a bhaineann le hionchur saothair. I gcásanna den sórt sin, ní foláir na sainmhínte ar dhaonra agus ar ionchur saothair a bheith comhsheasmhach leis na coincheapa a úsáidtear sna cuntais náisiúnta, agus teorainn an táirgthe sna cuntais náisiúnta a léiriú.
- 11.02 Is é cuspóir na caibidle seo cur síos a dhéanamh ar na creatáí agus na haonaid tomhais daonra agus staidrimh fostaíochta, agus treoir a thabhairt fad is a chomhfhreagraíonn na creatáí sin do chóras na gcuntas náisiúnta.
- 11.03 Aicmítear an t-ionchur saothair ar bhonn na n-aonad staidrimh céanna a úsáidtear chun táirgeadh a anailísiú, eadhon, an t-aonad príomhghníomhaíochta áitiúil agus an t-aonad institiúideach.
- 11.04 Is minic gur iomláin bhliantúla a bhíonn sna comhiomláin lena mbaineann na figiúirí maidir le daonra agus ionchur saothair. Sna cásanna den sórt sin, ní foláir meán an daonra agus meán an ionchuir saothair le linn na bliana a úsáid. Nuair a sheoltar suirbhéanna cúpla uair i rith na bliana, is é meán na dtorthaí a fhaightear ar na dátaí éagsúla sin an figiúr a chuirfear san áireamh. Nuair a sheoltar suirbhé thar thréimhse áirithe laistigh den bhliain, ní foláir an tréimhse a úsáidtear a bheith ionadaíoch; ba cheart go n-úsáidfí an fhaisnéis is déanaí dá bhfuil ar fáil maidir le héagsúlachtaí le linn na bliana agus sonraí don bhliain ina hiomláine á meas. Mar shampla, agus an meánleibhéal fostaíochta á mheas, ní mór go gcuirfí san áireamh go bhfuil daoine áirithe ann nach n-oibríonn le linn na bliana ar fad, mar shampla oibríthe ócáideacha agus oibríthe séasúracha.

DAONRA IOMLÁN

- 11.05 *Sainmhíniú:* ar dháta áirithe, is éard atá sa daonra iomlán gach duine, idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh, atá lonnaithe go buan ar chríoch eacnamaíoch na tíre, fiú amháin má tá siad lasmuigh den chríoch sin go sealadach. Beidh meán bliantúil líon na n-áitritheoirí ina bhunús iomchuí d'fhonn athróga na gcuntas náisiúnta a mheas nó d'fhéadfaí é a úsáid mar ainmneoir i gcomparáidí.
- 11.06 Déantar daonra iomlán a shainmhíniú do na cuntais náisiúnta de réir choincheap an chónaithe mar a thuairiscítear i gCaibidil 2. Aon duine atá ag fanacht ar chríoch eacnamaíoch na tíre, nó a bhfuil sé ar intinn aige fanacht ar an gcríoch sin, le linn tréimshe bliana nó níos mó, meastar go bhfuil sé lonnaithe go buan ar an gcríoch sin. Meastar go bhfuil duine as láthair go sealadach más rud é go bhfuil an duine sin lonnaithe go buan sa tír i dtrácht ach go bhfuil sé ag fanacht, nó go bhfuil sé ar intinn aige fanacht, sa chuid eile den domhan ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin. Tá gach duine a bhaineann leis an teaghlach céanna cónaitheach san áit ina bhfuil lárionad leasa eacnamaíoch an teaghlaigh: is é sin an áit ina bhfuil teaghais, nó roinnt teaghaisí, ag an teaghlach agus go gcaitheann baill an teaghlaigh leis na teaghaisí sin agus go n-úsáideann siad iad mar a bpríomhát chónaithe. Fiú amháin má thaistilíonn ball de theaghlach cónaitheach lasmuigh den chríoch eacnamaíoch go minic, tá an duine sin fós ina chónaitheach mar go bhfuil a lárionad príomhleasa eacnamaíoch fós sa gheilleagar ina bhfuil cónaí ar an teaghlach.
- 11.07 Tá an méid seo a leanas ar áireamh i ndaonra iomlán tíre:
- náisiúnaigh atá lonnaithe sa tír;
 - sibhialtaigh náisiúnta a fhanann ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin. Samplaí is ea oibríthe teorann, oibríthe séasúracha, agus turasoírí;
 - sibhialtaigh eachtrannacha atá lonnaithe sa tír ar feadh tréimhse bliana nó níos mó, lena n-áirítear pearsanra agus baill tionlacain dá dteaghlach, de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh agus de chuid eagraíochtaí sibhialtacha idirnáisiúnta atá suite ar chríoch geografach na tíre;
 - pearsanra míleata eachtrach atá ag obair le heagraíochtaí míleata idirnáisiúnta atá suite ar chríoch gheografach na tíre;
 - pearsanra eachtrach a sholáthraíonn cúnaimh teicniúil i gcomhair tionscadal fadtéarmach agus a oibríonn sa tír ar feadh tréimhse níos faide ná bliain agus a meastar ina leith gurb é an rialtas ósta a bhfostóir, thar ceann an rialtais nó na heagraíochta idirnáisiúnta a mhaoiníonn a gcuid oibre.

Áirítear na grúpaí daoine seo a leanas sa daonra iomlán, gan fad na tréimhse lasmuigh den tír a chur san áireamh:

- mic léinn ar náisiúnaigh iad, dá fhad an tréimhse a chaitheann siad i mbun staidéir ar an gcoigríoch;

- (b) baill d'fhórsaí armtha na tíre atá ar dualgas sa chuid eile den domhan;
- (c) náisiúnaigh atá ar fhoireann na mbunáiteanna náisiúnta eolaíochta sin atá bunaithe lasmuigh de chríoch gheografach na tíre;
- (d) náisiúnaigh atá ar fhoireann na misean taidhleoireachta ar an gcoigríoch;
- (e) náisiúnaigh ar baill iad de chriúnna bád iascaireachta, long eile, aerárthaí, agus ardán snámha atá á n-oibriú lasmuigh den chríoch eacnamaíoch;
- (f) othair atá ag fáil cóireálacha leighis ar an gcoigríoch.

11.08 Os a choinne sin, ní áirítear an méid seo a leanas sa daonra iomlán:

- (a) sibhialtaigh eachtracha atá ag fanacht ar an gcríoch ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin, amhail oibríthe teorann, oibríthe séasúracha, turasóirí, agus othair;
- (b) sibhialtaigh náisiúnta atá ag fanacht ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse bliana nó níos mó;
- (c) pearsanra míleata náisiúnta atá ag obair le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá suite sa chuid eile den domhan;
- (d) pearsanra náisiúnta a sholáthraíonn cúnaimh teicniúil i gcomhair tionscadal fadtéarmach agus atá fostaithe ar an gcoigríoch agus a meastar ina leith gurb é an rialtas ósta a bhfostóir, thar ceann an rialtais nó na heagraíochta idirnáisiúnta a mhaoiníonn a gcuid oibre;
- (e) mic léinn eachtracha, dá fhad an tréimhse a chaitheann siad i mbun staidéir sa tír;
- (f) baill d'fhórsaí armtha tíre eachtraí atá ar dualgas sa tír;
- (g) pearsanra eachtrach na mbunáiteanna eachtracha eolaíochta atá suite ar chríoch gheografach na tíre;
- (h) baill de mhisin eachtracha taidhleoireachta atá ar dualgas sa tír.

11.09 Ní hionann an sainmhíniú atá luaite thuas agus an daonra láithreach, nó an daonra de facto; is é atá sa daonra láithreach daoine atá i láthair iarbhir ar chríoch gheografach tíre ar dháta ar leith. Ní hionann é agus an daonra cláraithe ach oiread.

DAONRA ATÁ GNÍOMHACH Ó THAOBH AN GHEILLEAGAIR DE

11.10 *Sainmhíniú:* is éard atá sa daonra atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de na daoine go léir a sholáthraíonn soláthar saothair do na gníomhaíochtaí táirgthe a thagann faoi chuimsiú teorainn an táirgthe sna cuntais náisiúnta, nó na daoine atá ar fáil chuige sin. Áirítear ann na daoine go léir a chomhlíonann na ceanglais chun iad a áireamh i bhfostaíocht nó i ndífhostaíocht mar a shainmhínítear ina dhiaidh seo.

Coimeádann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) na caighdeáin ábhartha i dtaca le staidreamh maidir leis an bhfórsa saothair. Tá caighdeáin EIS le fáil i "Rúin" a ghlactar sna seisiúin de Chomhdháil Idirnáisiúnta na Staitisteoírí Saothair (CISS). Is é an rún is ábhartha chun sonraí faoin bhfórsa saothair a bhailiú agus a thiomsú an Rún maidir le staidreamh an daonra atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de, na fostaíochta, na dífhostaíochta agus na tearcfhostaíochta⁽¹⁾. Glacadh an rún sin ag 13ú Comhdháil Idirnáisiúnta na Staitisteoírí Saothair (CISS) i nDeireadh Fómhair 1982, agus leasaíodh é trí bhéithin rún an 18ú CISS i Nollaig 2008. Sa rún sin sainmhínítear an fórsa saothair i dtéarmaí daoine aonair atá i mbun gníomhaíochta a áirítear laistigh de theorainn an táirgthe sna cuntais náisiúnta.

FOSTAÍOCHT

11.11 *Sainmhíniú:* cumhdaíonn fostaíocht gach duine atá i mbun gníomhaíochta táirgthe a thagann faoi chuimsiú teorainn an táirgthe sna cuntais náisiúnta.

Is fostaithe nó daoine féinfhostaithe iad na daoine i bhfostaíocht. Daoine a bhfuil níos mó ná post amháin acu, aicmítear iad mar fhostaithe nó mar dhaoine féinfhostaithe de réir an phríomhphoist atá acu.

⁽¹⁾ Féach http://www.ilo.org/global/statistics-and-databases/standards-and-guidelines/resolutions-adopted-by-international-conferences-of-labour-statisticians/WCMS_087481/lang-en/index.htm

Fostaithe

11.12 *Sainmhíniú:* sainmhíntear fostaithe mar dhaoine a oibríonn, trí chomhaontú, d'aonad institiúideach cónaitheach agus a fhaigheann luach saothair a thaifeadtar mar chúiteamh d'fhostaithe.

Freagraíonn “fostaithe” do shainmhíniú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ar “fostaíocht íoctha”. Tá caidreamh fostóra-fostaí ann má tá Conradh ann, bíodh sé foirmiúil nó neamhfhoirmeálta, idir gnóthas agus duine, conradh a dhéantar de ghnáth le comhthoilíú deonach an dá pháirtí trína n-oibríonn an duine don ghnóthas i gcomaoin luacha saothair in airgead nó i gcomhchineál.

Déantar daoine a bhfuil post mar fhostaí agus mar dhuine féinfhostaith é acu a aicmiú mar fhostaí más é an post mar fhostaí an phríomhghníomhaíocht ó thaobh ioncain de. Mura bhfuil an t-ioncam ar fáil, úsáidfear na huaireanta an chloig oibrithe ina ionad sin.

11.13 Áirítear na catagóirí fostaithe seo a leanas:

- (a) daoine arna bhfostú ag fostóir faoi chonradh fostaíochta. Is samplaí iad oibrithe láimhe agus intleachta, pearsanra bainistíochta, foireann tí, agus daoine a dhéanann gníomhaíochtaí táirgthe ar íocaíocht faoi chlár fostaíochta;
- (b) státseirbhísigh agus fostaithe eile rialtais a bhfuil a gcoinníollacha oibre agus a dtéarmaí oibre leagtha síos faoin dlí náisiúnta;
- (c) na fórsaí armtha, lena n-áirítear iad siúd atá liostáilte go deonach ar bhonn fadtéarmach agus gearrthéarmach mar aon le coinscríofaigh lena n-áirítear coinscríofaigh atá ag déanamh seirbhíse sibhialta;
- (d) ministrí creidimh, más rud é go n-íocann an rialtas láir nó insitiúid neamhbhrabúis iad go díreach;
- (e) úinéirí corparáidí agus samhailchorparáidí más rud é go n-oibríonn siad sna gnóthais sin;
- (f) mic léinn a bhfuil gealltanais foirmiúil déanta acu cuid dá saothar féin a sholáthar mar ionchur i bpróiseas táirgthe gnóthais i gcomaoin luacha saothair in airgead nó i gcomhchineál mar sheirbhísí oideachais;
- (g) oibrí baile, más rud é go bhfuil comhaontú sainráite ann go n-íocfar luach saothair an oibrí bhaile de réir na hoibre a dhéantar: is é sin, an méid saothair a sholáthraítear mar ionchur i bpróiseas táirgthe áirithe; is fostaí é oibrí baile más é cuspóir bunúsach an chonartha saothar a sholáthar;
- (h) daoine arna bhfostú ag gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí, daoine nach mór a áireamh i dtionscal na gníomhaireachta a fhostaíonn na daoine sin, seachas i dtionscal an ghnóthais a n-oibríonn siad dó.

11.14 Na daoine sin nach bhfuil ag obair, ar bhonn sealadach, meastar gur fostaithe iadsan freisin ar chuntar go bhfuil ceangal foirmiúil fós acu lena bpost. Ba cheart go ndearbhófaí an ceangal foirmiúil sin de réir ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

- (a) an pá nó an tuarastal a bheith fós á íoc;
- (b) dearbhú go bhfillfear ar an obair i ndiaidh dheireadh an teagmhais, nó comhaontú maidir leis an dáta fillte.

Cumhdaítear leis seo daoine nach bhfuil ag obair go sealadach i ngeall ar thinneas nó gortú, laethanta saoire, stailc nó frithdhúnadh, saoire chun críche oideachais nó oiliúna, saoire máithreachais nó saoire do thuismitheoirí, laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, cúrsaí oibre a bheith as riocht nó stoptha go sealadach ar chúiseanna amhail doineann, cliseadh meicniúil nó leictreach, easpa amhábar nó breosla, nó aon neamhláithreach shealadach eile, le cead nó gan chead.

Daoine féinfhostaithe

11.15 *Sainmhíniú:* is éard atá i ndaoine féinfhostaithe daoine arb iad úinéirí aonair nó combúinéirí na ngnóthas neamhchorpraithe ina n-oibríonn siad iad, amach ó na gnóthais neamhchorpraithe sin atá aicmithe mar shamhailchorparáidí. Déantar daoine a bhfuil post mar fhostaí agus post mar dhuine féinfhostaithe acu a aicmiú anseo más é an post mar dhuine féinfhostaithe an phríomhghníomhaíocht ó thaobh ioncain de.

Mura bhfuil eolas ar an ioncam ar fáil, úsáidfear na huaireanta an chloig oibrithe ina ionad sin.

D'fhéadfadh sé tarlú nach bhfuil daoine féinfhostaithe ag obair go sealadach sa tréimhse thagartha. Ioncam measctha atá sa chúiteamh d'fhéinfhostaíocht.

11.16 Tá na catagóirí seo a leanas ar áireamh mar dhaoine féinfhostaithe:

- (a) oibrithe teaghlaigh gan phá, lena n-áirítear na daoine sin a oibríonn i ngnóthais neamhchorpraithe atá ag gabháil do tháirgeadh chun críoch margaidh;
- (b) oibrithe baile a bhfuil a n-ioncam ina fheidhm den luach atá ar aschur ó phróiseas táirgthe ar leith as a bhfuil siad freagrach. De réir chonradh na n-oibrithe baile sin tá siad le hearraí agus seirbhísí a sholáthar do pháirtí coimisiúnaithe;
- (c) oibrithe atá ag gabháil do tháirgeadh arna dhéanamh go hiomlán chun críche tomhaltais chríochnaithigh dhúis nó chun críche foirmithe caipitil dhúis, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann. Ní foláir gur cuid shuntasach dá n-úsáid chríochnaitheach an táirgeadh sin chun go ndéanfar é a thaifeadadh.

Is le daoine féinfhostaithe a áirítear oibrithe deonacha gan phá, más rud é gurb iad táirgí, e.g. tógáil teaghaise, séipéil nó foirgnimh eile, an toradh atá ar a gcuid gníomhaíochtaí deonacha. Ach más rud é gur seirbhísí, mar shampla aire a thabhairt do dhaoine nó cúram a dhéanamh de nithe nó glantachán gan phá, toradh a gcuid gníomhaíochtaí, ní áirítear faoi fhostaíocht iad, ós rud é go n-eisiatar na seirbhísí deonacha sin ó tháirgeadh.

Cé go ndéantar seirbhísí a sholáthraíonn sealbhóirí tí dóibh féin mar úinéirí a dteaghaisí a áireamh faoi chuimsiú theorainn an táirgthe sna cuntais náisiúnta, níl aon ionchur saothair i dtáirgeadh na seirbhísí den sórt sin; ní mheastar gur daoine féinfhostaithe iad úinéirí-áititheoirí teaghaisí.

Fostaíocht agus cónaí

11.17 Tá na torthaí ar ghníomhaíochtaí na n-aonad táirgthe comhsheasmhach ó thaobh cuimsiú de le fostaíocht má áirítear le fostaíocht na cónaithigh agus na neamhchónaithigh araon a oibríonn d'aonaid táirgthe chónaitheacha.

Dá bhri sin, tá na catagóirí seo a leanas ar áireamh i bhfostaíocht:

- (a) oibrithe teorann neamhchónaitheacha, i.e. daoine a thrasnaíonn an teorainn gach lá chun dul ag obair ar an gcríoch eacnamaíoch;
- (b) oibrithe séasúracha neamhchónaitheacha, i.e. daoine a chuireann fúthu ar an gcríoch eacnamaíoch agus a fhanann inti ar feadh tréimhse nach mó ná aon bhliain amháin le bheith ag obair i dtionscail ina mbíonn saothar breise de dhíth go tréimhsiúil;
- (c) baill d'fhórsaí armtha na tíre atá ar dualgas sa chuid eile den domhan;
- (d) náisiúnaigh atá ar fhoireann na mbunáiteanna náisiúnta eolaíochta sin atá bunaithe lasmuigh de chríoch gheografach na tíre;
- (e) náisiúnaigh atá ar fhoireann na misean taidhleoireachta ar an gcoigríoch;
- (f) baill de chriúnna bád iascaireachta, long eile, aerárthaí, agus ardán snámha atá á n-oibriú ag aonaid chónaitheacha;
- (g) fostaithe áitiúla na gcomhlachtaí rialtais ghinearálta sin atá suite lasmuigh den chríoch eacnamaíoch.

11.18 Níl na hoibrithe sna catagóirí seo a leanas ar áireamh i bhfostaíocht:

- (a) cónaithigh ar oibrithe teorann nó séasúracha iad, i.e. a oibríonn ar chríoch eacnamaíoch eile;
- (b) náisiúnaigh ar baill iad de chriúnna bád iascaireachta, long eile, aerárthaí, agus ardán snámha atá á n-oibriú ag aonaid neamhchónaitheacha;
- (c) fostaithe áitiúla de chuid gníomhaireachtaí rialtas eachtrach atá suite ar chríoch gheografach na tíre;
- (d) pearsanra insititiúidí an Aontais Eorpaigh agus eagraíochtaí sibhialtacha idirnáisiúnta atá suite ar chríoch gheografach na tíre (lena n-áirítear fostaithe áitiúla arna n-earcú go díreach);
- (e) baill de fórsaí armtha atá ag obair le heagraíochtaí míleata idirnáisiúnta atá suite ar chríoch gheografach na tíre;
- (f) náisiúnaigh atá ag obair i mbunáiteanna eachtracha eolaíochta atá bunaithe sa chríoch eacnamaíoch.

- 11.19 Ionas gur féidir aistriú chuig na coincheapa a úsáidtear de ghnáth i staidreamh maidir leis an bhfórsa saothair (fostaíocht ar bhonn náisiúnta), déantar foráil ar leith i CCE go léireofar an méid seo a leanas ar bhonn leithligh:
- (a) baill de na fórsaí armtha ar coinscríofaigh iad (as an áireamh i staidreamh maidir leis an bhfórsa saothair ach ar áireamh i CCE faoi sheirbhísí an rialtais ghinearálta);
 - (b) cónaitheigh atá ag obair d'aonaid táirgthe neamhchónaitheacha (ar áireamh i staidreamh maidir leis an bhfórsa saothair ach as an áireamh i bhfostaíocht mar atá sainmhínithe sa CEC);
 - (c) neamhchónaitheigh atá ag obair d'aonaid táirgthe chónaitheacha (as an áireamh i staidreamh maidir leis an bhfórsa saothair ach ar áireamh i bhfostaíocht mar atá sainmhínithe sa CEC);
 - (d) oibríthe cónaitheacha a bhfuil buanchónaí orthu in institiúid;
 - (e) oibríthe cónaitheacha faoi bhun na haoise arna gcur san áireamh i gcomhair staidrimh maidir leis an bhfórsa saothair.

DÍFHOSTAÍOCHT

- 11.20 *Sainmhíniú:* i gcomhréir le treoirlínte arna mbunú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (13ú Comhdháil Idirnáisiúnta na Staitisteoirí Saothair), arna sonrú tuilleadh i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh ag Rialachán (CE) Uimh. 1897/2000 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, is éard atá i gcoincheap na dífhostaíochta na daoine go léir os cionn aoise sonraithe ar féidir a rá fúthu sa tréimhse thagartha go raibh siad:
- (a) “gan obair”, i.e. nach raibh siad gafa i bhfostaíocht íochta ná i bhféinfhostaíocht;
 - (b) “ar fáil faoi láthair chun obair a dhéanamh”, i.e. bhí siad ar fáil chun fostaíochta íochta nó chun féinfhostaíochta le linn na tréimhse thagartha; agus
 - (c) “ag lorg oibre”, i.e. go raibh bearta sonracha déanta acu le linn tréimhse úrnua sonraithe fostaíocht íochta nó féinfhostaíocht a lorg.
- 11.21 D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis na bearta sonracha sin: clárú ag malartán fostaíochta poiblí nó príobháideach; iarratais ar phoist a chur chuig fostóirí; obair a lorg ar láithreáin tógála, ar fheirmeacha, i monarchana, i margáí nó aon áit eile ina bhfostaítear daoine go mimic; fógraí a chur ar an nuachtán nó fógraí ar an nuachtán a fhreagairt; cuidiú a lorg ó chairde nó ó ghaolta; talamh, foirgneamh, innealra nó trealamh a lorg chun gnóthas dlís a bhunú; iarratais ar cheadanna, ar cheadúnais nó ar acmhainní airgeadais, etc.

POIST

- 11.22 *Sainmhíniú:* is éard is post conradh sainráite nó intuigthe idir duine agus aonad institiúideach cónaitheach maidir le hobair a dhéanamh i gcomaoin cúitimh ar feadh tréimhse sonraithe nó go dtí go bhfaightear fógra eile.

Sa sainmhíniú sin, cumhdaítear na téarmaí seo a leanas:

- (a) is le soláthar ionchuir saothair seachas le soláthar aschuir táirgí nó seirbhísí a bhaineann an conradh sainráite nó intuigthe;
- (b) is é a chiallaíonn obair aon ghníomhaíocht a rannchuidíonn le táirgeadh earraí agus seirbhísí laistigh de theorainn an táirgthe. Ní bhaineann dlíthiúlacht na hoibre ná aois an oibrí le hábhar;
- (c) baintear brí leathan as cúiteamh anseo sa dóigh is go gcumhdaítear ioncam measctha na ndaoine féinfhosaíthe.

Sa sainmhíniú sin ar phost, cumhdaítear poist fostaithe agus poist féinfhostaíochta araon: is é sin le rá, is post fostaithe atá i gceist má bhaineann an duine le haonad institiúideach eile nach mbaineann an fostóir leis, agus is post féinfhostaíochta atá i gceist má bhaineann an duine leis an aonad institiúideach céanna lena mbaineann an fostóir.

- 11.23 Tá difríocht ann idir coincheap na bpost agus coincheap na fostaíochta mar atá sainmhínithe thuas.

- (a) Áirítear le poist an dara, an tríú etc. post atá ag an duine céanna. Is féidir leis na poist sin, i.e. an dara, an tríú etc. post, teacht ceann i ndiaidh a chéile laistigh den tréimhse thagartha (seachtain, de ghnáth), nó i gcás ina bhfuil post oíche agus post lae ag duine, is féidir leo a bheith ar siúl go comhuaineach.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1897/2000 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2000 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle maidir le suirbhé samplach ar an lucht saothair a eagrú sa Chomhphobal maidir le sainmhíniú oibríochtuil ar dhífhostaíocht (IO L 228, 8.9.2000, lch. 18).

- (b) Os a choinne sin, ní áirítear le poist daoine nach bhfuil ag obair, arb ar bhonn sealadach atá an neamhláithreachacht sin, ach ar daoine iad ag a bhfuil “ceangal foirmiúil lena bpost” i bhfoirm dá leithéid seo: “dearbhú go bhfillfear ar an obair nó comhaontú maidir leis an dáta fillte”. De réir an chórais, ní mheastar gur post atá i gceist má tá comhaontú dá leithéid ann idir fostóir agus duine atá leagtha as go sealadach nó atá as láthair chun críche oiliúna.

Poist agus cónaí

- 11.24 Is ionann post ar chríoch eacnamaíoch na tíre agus conradh sainráite nó intuigthe idir duine (a d’fhéadfadh a bheith cónaitheach ar chríoch eacnamaíoch eile) agus aonad institiúideach atá cónaitheach sa tír.

D’fhonn ionchur saothair a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch intíre a thomhas, is é cónaí an aonaid institiúidigh táirgthe amháin atá ábhartha mar gurb iad na táirgeoirí cónaitheacha amháin a rannchuidíonn leis an olltáirgeacht intíre.

- 11.25 Thairis sin:

- (a) tá poist ar áireamh i gcomhaireamh na bpost ar an gcríoch eacnamaíoch i gcás ina bhfuil fostaithe táirgeora chónaitheach ag obair go sealadach ar chríoch eacnamaíoch eile agus i gcás nach dtugann cineál agus fad na gníomhaíochta údar ceart lena láimhseáil mar aonad cónaitheach barúlach de chuid na críche eile sin;
- (b) i gcomhaireamh na bpost ar an gcríoch eacnamaíoch ní áirítear na poist sin a dhéantar thar ceann aonaid institiúideach neamhchónaitheach, is é sin le rá, aonaid a bhfuil a lárionad leasa i dtír eile agus nach bhfuil rún ar bith acu a bheith gníomhach ar an gcríoch eacnamaíoch go ceann bliana nó níos mó;
- (c) ní áirítear sa chomhaireamh ach an oiread poist fhoireann na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ná poist foirne arna hearcú go háitiúil agus a fhostaíonn ambasáidí eachtracha ó tharla nach bhfuil na haonaid a thugann fostaíocht cónaitheach.

AN GEILLEAGAR NEAMHBHREATHNAITHE

- 11.26 I bprionsabal, áirítear luach gníomhaíochtaí táirgthe nach mbreathnaítear go díreach laistigh de theorainn an táirgthe sna cuntais náisiúnta. Dá bhrí sin, áirítear na cineálacha gníomhaíochtaseo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ina nglacann páirtithe páirt thoilteanach in idirbheart eacnamaíoch;
- (b) gníomhaíochtaí folaithe nó faoi thalamh i gcás nach mbíonn na hidirbhearta féin in aghaidh an dlí, ach nach dtuairiscítear iad chun grinnscrúdú oifigiúil a sheachaint;
- (c) gníomhaíochtaí a thuairiscítear mar “neamhfoirmiúil” de ghnáth i gcás nach gcoimeádtar aon taifid.

I bprionsabal, áirítear luach saothair na bhfostaithe sin sa chúiteamh d’fhostaithe nó in ioncam measctha. Tá an coigeartú seo le cur san áireamh sna sonraí faoi fhostaíocht agus faoi fhéinfhostaíocht agus cóimheasa agus staidreamh eile á ríomh.

Ní idirbhearta eacnamaíoch iad gníomhaíochtaí neamhdhleathacha i gcás nach nglacann ceachtar de na páirtithe páirt thoilteanach iontu (e.g. goid) agus mar sin ní áirítear iad laistigh de theorainn an táirgthe.

UAIREANTA IOMLÁNA AN CHLOIG OIBRITHE

- 11.27 *Sainmhíniú:* is é atá in uaireanta iomlána an chloig oibríthe comhiomlán uaireanta an chloig a oibrítear iarbhrí mar fhostaí nó mar dhuine féinfhostaithe le linn na tréimhse cuntasáíochta, má tá an t-aschur laistigh de theorainn an táirgthe.

I bhfianaise a fhairsinge is atá an sainmhíniú ar fhostaithe, sainmhíniú lena gcumhdaítear daoine nach bhfuil ag obair ar bhonn sealadach ach ag a bhfuil ceangal foirmiúil lena bpost agus oibríthe páirtaimseartha, moltar uaireanta iomlána an chloig oibríthe seachas líon na ndaoine a úsáid mar aonad tomhais chun táirgiúlacht a ríomh.

Is iad uaireanta iomlána an chloig oibríthe an t-aonad tomhais is fearr i gcomhair ionchuir saothair do na cuntais náisiúnta.

Uaireanta an chloig oibríthe iarbhrí a shonrú

- 11.28 Is éard atá in uaireanta iomlána an chloig oibríthe na huaireanta saothair a rannchuidigh le táirgeadh agus ar féidir iad a shainmhíniú ag tagairt do theorainn an táirgthe sna cuntais náisiúnta. Sa chaighdeán EIS atá le fáil sa “Rún maidir le huaireanta an chloig oibríthe a thomhas”, arna ghlacadh ag an 18ú CISS (Comhdháil Idirnáisiúnta na

Staitisteoírí Saothair) i mí na Nollag 2008 ⁽¹⁾, is é an sainmhíniú a thugtar ar uaireanta an chloig oibrithe iarbhír an t-am a chaitheann daoine ar fheidhmiú gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le hearraí agus seirbhísí a tháirgeadh le linn tréimhse tagartha sonraithe. Sa rún sin sainmhínítear uaireanta an chloig oibrithe mar seo a leanas:

- (1) tarlaíonn uaireanta an chloig oibrithe iarbhír i ngach cineál post faoi shocrúithe oibre agus cúitimh éagsúla, bíodh siad íoctha nó neamhíoctha, ar féidir iad a dhéanamh ag gach cineál suímh;
- (2) níl na huaireanta an chloig oibrithe iarbhír nasctha le coincheapa riaracháin ná dlíthiúla agus mar sin baineann siad leis na daoine ar fad atá ag obair agus féadfar go dtarlóidh siad laistigh de ghnáthuaireanta oibre nó uaireanta oibre conarthacha nó mar ragobair;
- (3) sa staidreamh ar uaireanta an chloig oibrithe iarbhír áireofar an méid seo a leanas:
 - (a) uaireanta an chloig oibrithe iarbhír i rith gnáth-thréimhsí oibre agus a rannchuidíonn go díreach le táirgeadh;
 - (b) uaireanta íoctha a chaitear ar oiliúint;
 - (c) uaireanta oibrithe sa bhreis ar na huaireanta oibrithe i rith gnáth-thréimhsí oibre, ar a dtugtar ragobair. Tabhair faoi deara go n-áireofar uaireanta ragoibre fiú mura n-íoctar astu;
 - (d) am a chaitear ag obair ar chúraimí amhail an t-ionad oibre a ullmhú, deisiúchán agus cothabháil, uirlisí a ullmhú agus a ghlanadh, fáltais, bileoga ama agus tuairiscí a ullmhú;
 - (e) am a chaitear ag feitheamh nó ar fuireachas le linn briseadh gearrthéarmach sa lá oibre ar chúiseanna amhail easpa oibre, cliseadh innealra, nó tionóiscí, nó am a chaitear san ionad oibre ach nach ndéantar aon obair lena linn ach go ndéantar íocaíocht as faoi chonradh ráthaithe fostaíochta;
 - (f) am a fhreagraíonn do shosanna gearra sa lá oibre, lena n-áirítear sosanna tae agus caife;
 - (g) socruithe oibre maidir le bheith ar ghlao-dhualgas. I gcás ina dtarlaíonn sé lasmuigh den ionad oibre, mar shampla sa bhaile, áirítear an t-am sin sna huaireanta an chloig oibrithe iarbhír a mhéid is atá gníomhaíochtaí agus gluaiseachtaí neamh-oibre an duine sin srianta;
 - (h) áireofar uaireanta arna n-oibriú ag pearsanra na bhfórsaí cosanta, lena n-áirítear coinscríofaigh, fiú má tá siad lasmuigh de raon feidhme suirbhé tíre ar fhórsa saothair;
- (4) sa staidreamh ar uaireanta an chloig oibrithe iarbhír ní áireofar an méid seo a leanas:
 - (a) uaireanta íoctha ach nach ndéantar aon obair lena linn, amhail saoire bhliantúil le pá, saoire phoiblí le pá, saoire bhreiteachta le pá, saoire do thuismitheoirí, stailceanna, “saoire ghearr” do choinne dochtúra etc., cúrsaí oibre stoptha i ngeall ar dhoineann;
 - (b) sosanna le haghaidh béilí;
 - (c) am a chaitear ag taisteal ón mbaile go dtí an t-ionad oibre agus ar ais, ach áireofar aon obair a dhéantar le linn na comaitéireachta;
 - (d) oideachas seachas oiliúint.

Tá sainmhíneadh níos cuimsithí ar na critéir sin le fáil sa rún dar teideal “Rún maidir le hAm Oibre a Thomhas” ⁽²⁾, ar rún de mhí na Nollag 2008 ón CISS é.

11.29 Is é atá in uaireanta iomlána an chloig oibrithe comhiomlán na n-uaireanta an chloig oibrithe iarbhír le linn na tréimhse cuntasaióchta i bpoist fostaithe agus i bpoist féinfhostaíochta laistigh den chríoch eacnamaíoch:

- (a) áirítear obair lasmuigh den chríoch eacnamaíoch thar ceann aonad institiúideach ar fostóirí cónaitheacha iad agus nach bhfuil aon lárionad príomh leasa eacnamaíoch acu ann;
- (b) ní áirítear obair thar ceann fostóirí eachtracha ar aonaid institiúideacha iad agus nach bhfuil aon lárionad príomh leasa eacnamaíoch acu ar an gcríoch eacnamaíoch.

⁽¹⁾ Féach http://www.ilo.org/global/statistics-and-databases/standards-and-guidelines/resolutions-adopted-by-international-conferences-of-labour-statisticians/WCMS_112455/lang-en/index.htm

⁽²⁾ Féach http://www.ilo.org/global/statistics-and-databases/standards-and-guidelines/resolutions-adopted-by-international-conferences-of-labour-statisticians/WCMS_112455/lang-en/index.htm

- 11.30 Is iomaí sin suirbhé ar ghnóthais ina dtáifeadtar uaireanta an chloig íochta seachas uaireanta an chloig oibrithe. Sna cásanna sin, ní mór meastachán a dhéanamh ar uaireanta an chloig oibrithe i gcomhair gach aon ghrúpa poist, ag úsáid cibé faisnéise atá ar fáil faoi shaoire le pá etc.
- 11.31 D'fhonn anailís a dhéanamh ar an timthriall gnó, níor mhiste, b'fhéidir, iomlán na n-uaireanta an chloig oibrithe a choigeartú trí líon caighdeánach laethanta oibre in aghaidh na bliana a ghlacadh.

COIBHÉIS LÁNAIMSEARHA

- 11.32 *Sainmhíniú:* is é atá i bhfostaíocht choibhéseach lánaimseartha, rud arb ionann é agus líon na bpost coibhéseach lánaimseartha, ná iomlán na n-uaireanta an chloig oibrithe roinnte ar mheánlíon bliantúil na n-uaireanta an chloig oibrithe i bpoist lánaimseartha laistigh den chríoch eacnamaíoch.
- 11.33 Ní gá go dtuairiscítear sa sainmhíniú seo cad é mar a dhéantar meastachán ar an gcoincheap: ó tharla gur tháinig athrú le himeacht aimsire ar an achar a mhaireann post lánaimseartha agus ó tharla go bhfuil difríochtaí eatarthu idir thionscail, ní mór modhanna a úsáid lena mbunaítear, i gcás gach grúpa poist, an meánchéatadán agus an meánlíon uaireanta an chloig sna poist sin nach poist lánaimseartha iad. I dtús báire, ní mór meastachán a dhéanamh ar ghnáthsheachtaí lánaimseartha i gcás gach grúpa poist. Is féidir grúpa a shainmhíniú, laistigh de thionscal, de réir inscne agus an chineáil oibre. I gcás post fostaithe, is é líon na n-uaireanta an chloig arna chomhaontú sa chonradh an critéar iomchuí d'fhonn na figiúirí sin a ríomh. Déantar coibhéis lánaimseartha a ríomh ar leithligh i gcás gach grúpa poist agus ina dhiaidh sin suimítear iad.
- 11.34 Uaireanta iomlána an chloig oibrithe an t-aonad tomhais is fearr ar ionchur saothair, ach nuair nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis sin, féadtar gurb é coibhéis lánaimseartha an rud is fearr le cur ina hionad. Tá sé níos fusa é a ríomh, agus is féidir comparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh le tíortha nach féidir leo meastachán a dhéanamh ach amháin ar fhostaíocht choibhéseach lánaimseartha.

IONCHUR SAOTHAIR NA bhFOSTAITHE AG CÚITEAMH TAIRISEACH

- 11.35 *Sainmhíniú:* i gcás ionchuir saothair den chineál céanna agus de cháilíochtaí céanna sa tréimhse thagartha, is é ionchur saothair na bhfostaithe ag cúiteamh tairiseach a thomhasann ionchur saothair reatha arna luacháil ag leibhéal chúitimh do phoist fostaithe atá i bhfeidhm le linn tréimhse tagartha roghnaithe.
- 11.36 Is é an toradh ar chúiteamh d'fhostaithe ag praghsanna reatha roinnte ar ionchur saothair fostaithe ag cúiteamh tairiseach innéacs intuigthe praghsanna cúitimh atá inchomparáide le hinnéacs intuigthe praghsanna úsáidí críochnaitheacha.
- 11.37 Is é is aidhm don choincheap maidir le hionchur saothair fostaithe ag cúiteamh tairiseach athruithe ar chomhdhéanamh an fhórsa oibre a chur in iúl, mar shampla, ó oibrithe ar thuarastal íseal go hoibrithe ar thuarastal níos airde. Ní mór an anailís a dhéanamh ar leibhéal na dtionscal má tá sé le bheith éifeachtach.

AONAD TOMHAIS TÁIRGIÚLACHTA

- 11.38 *Sainmhíniú:* is éard atá i dtáirgiúlacht aonad tomhais aschuir ó phróiseas táirgthe, in aghaidh an aonaid ionchuir. Mar shampla, tomhastar táirgiúlacht saothair de ghnáth mar chóimheas aschuir in aghaidh na huaire an chloig saothair, is é sin ionchur. Tá sé fíor-riachtanach go bhfuil aonaid tomhais saothair, a úsáidtear i staidéar ina bhfuil an t-aschur bunaithe ar aonaid tomhais na gcuntas náisiúnta, comhsheasmhach leis na cuntais náisiúnta ó thaobh coincheap agus cuimsiú de.

CAIBIDIL 12

CUNTAIS NÁISIÚNTA RÁITHIÚLA

RÉAMHRÁ

- 12.01 Leagtar amach mórphrionsabail agus mórthréithe na gcuntas náisiúnta ráithiúil sa Chaibidil seo.
- 12.02 Cuntais náisiúnta a bhfuil ráithe mar thréimhse thagartha acu is ea iad cuntais náisiúnta ráithiúla. Is córas de tháscairí comhtháite ráithiúla atá i gceist. Cuireann cuntais náisiúnta ráithiúla creat cuimsitheach cuntasáiochta ar fáil ar féidir sonraí eacnamaíocha a thiomsú agus a chur i láthair ann ar bhonn ráithiúil i bhformáid atá ceaptha chun críocha anailíse eacnamaíoch, déanta cinntí agus ceaptha beartas.
- 12.03 Glactar leis na prionsabail chéanna, na sainmhínte céanna agus an struchtúr céanna sna cuntais náisiúnta ráithiúla agus sna cuntais náisiúnta bhliantúla. Baintear úsáid as na coincheapa atá sna cuntais náisiúnta bhliantúla sna cuntais náisiúnta ráithiúla ach amháin má léirítear a mhálairt sa chaibidil seo.
- 12.04 Clúdaítear seicheamh iomlán na gcuntas agus na gclár comhardaithe sna cuntais náisiúnta ráithiúla. Sa chleachtas, fágann srianta maidir le hinfhaighteacht sonraí, am agus acmhainní nach mbíonn na cuntais náisiúnta ráithiúla chomh hiomlán leis na cuntais náisiúnta bhliantúla.
- I gcomparáid leis na cuntais náisiúnta bhliantúla, bíonn raon feidhme níos teoranta ag na cuntais náisiúnta ráithiúla. Díríonn siad ar OTI a thomhas, ar sholáthar agus úsáid seirbhísí agus earraí a thomhas, agus ar ghiniúint ioncaim. Bíonn sonraí teoranta iontu maidir le gníomhaíochtaí na dtionscal agus idirbhearta sonracha. Léirítear leis sin an chomhbhabhtáil idir tráthúlacht agus raon feidhme, mionsonrú agus iontaofacht.
- 12.05 I gcomparáid leis na cuntais náisiúnta bhliantúla, déantar cuntais náisiúnta ráithiúla a thiomsú agus a eisiúint níos minice. Cuirtear forléargas luath ar fáil iontu ar fhorbairtí eacnamaíocha agus is féidir iad a úsáid chun meastachán luath a dhéanamh ar na cuntais náisiúnta bhliantúla.
- 12.06 Léirítear patrún séasúrach in amsraith na staitisticí sna cuntais náisiúnta ráithiúla agus bíonn tionchar ag imeachtaí féilire orthu, mar gheall go dtiomsaítear gach ráithe iad. Déantar an patrún séasúrach sin a chothromú trí bhíthin nósanna imeachta coigeartaithe de réir séasúir agus coigeartaithe féilire.
- 12.07 Bíonn cuntais náisiúnta ráithiúla ag brath ar fhoinsí sonraí atá níos teoranta ná foinsí na gcuntas náisiúnta bhliantúil agus is gá níos mó úsáide a bhaint as teicnící staitistiúla agus eacnaiméadracha chun iad a thiomsú. Bíonn dhá chur chuige i gceist maidir le cuntais náisiúnta ráithiúla a thiomsú: an cur chuige díreach agus an cur chuige indíreach.
- 12.08 Tá an cur chuige díreach bunaithe ar fhoinsí sonraí atá cosúil leo sin a mbaintear úsáid astu chun na cuntais bhliantúla a thiomsú a bheith i fáil i gceann eatramh ráithiúil; faoin gcur chuige sin, cuirtear modhanna tiomsaithe cosúla i bhfeidhm orthu. Baintear úsáid sa chur chuige indíreach as teicnící meastacháin staidrimh agus eacnaiméadracha ina n-úsáidtear faisnéis ó na cuntais bhliantúla agus ó tháscairí gearrthéarmacha chun idírshuí agus eachtarshuí a dhéanamh ó na meastacháin bhliantúla. Braitheann an rogha idir na cineálacha cur chuige seo ar an bhfaisnéis a úsáidtear chun na cuntais bhliantúla a chur le chéile a bheith ar fáil go héasca san fhoirm chéanna ar leibhéal ráithiúil.
- 12.09 Bíonn cuspóir difriúil le cuntais náisiúnta ráithiúla ón gcuspóir atá le cuntais náisiúnta bhliantúla. Dírítear ar ghluaiseachtaí gearrthéarmacha sa gheilleagar sna cuntais náisiúnta ráithiúla agus déantar gluaiseachtaí den sórt sin a thomhas go soiléir laistigh de chreat na gcuntas náisiúnta. Leagtar béim ar rátaí fais agus a dtréithe le himeacht ama amháil luasghéarú, luasmhoilliú nó athrú ar a gcomharthaí. Leagtar béim sna cuntais náisiúnta bhliantúla ar leibhéal agus ar struchtúr an gheilleagair, chomh maith le rátaí fais.
- Ní bhíonn cuntais náisiúnta bhliantúla chomh hoiirúnach céanna le cuntais náisiúnta ráithiúla chun anailís a dhéanamh ar thimthriallta gnó, toisc go ndéantar forbairtí eacnamaíocha gearrthéarmacha a cheilt sna sonraí bhliantúla.
- 12.10 Féadfar cuntais náisiúnta ráithiúla a úsáid chun cuntais náisiúnta bhliantúla a thiomsú. Feabhsaítear iontaofacht agus tráthúlacht na gcuntas náisiúnta bhliantúil agus, i dtíortha áirithe, déantar na cuntais náisiúnta bhliantúla a dhíorthú díreach ó chomhiomlánú na gcuntas náisiúnta ráithiúil feadh na bliana. Léirítear leis na ról dhifriúla seo difríochtaí maidir le hinfhaighteacht sonraí agus difríochtaí sna próisis tiomsaithe.
- 12.11 Ar an raon sonraí a úsáidtear mar fhoinsí óna dtiomsaítear cuntais náisiúnta ráithiúla tá staitisticí gearrthéarmacha maidir le táirgeadh, praghsanna, fostaíocht agus trádáil sheachtrach, táscairí muiníne gnóthas agus tomhaltóirí agus sonraí riaracháin amháil ioncam bunaithe ar CBL. I gcomparáid le táscairí den sórt sin, cuirtear an méid seo a leanas ar fáil sna cuntais náisiúnta ráithiúla:

- (a) raon feidhme níos leithne;

- (b) uileghabhálacht;
- (c) creat comhtháite cuntas náisiúnta;
- (d) comhsheasmhacht leis na coincheapa agus na sonraí sna cuntais náisiúnta;
- (e) comparáideacht idirnáisiúnta bunaithe ar chreat modheolaíochtaí idirnáisiúnta — CCN 2008.

12.12 Freagraíonn an réimse a chuimsítear sna cuntais náisiúnta ráithiúla don réimse a chuimsítear sna cuntais bhliantúla, lena n-áirítear seicheamh iomlán na gcuntas agus na comhiomláin chomhfhreagracha, agus an creat soláthair agus úsáide. Mar gheall ar laghdú ar an infhaighteacht faisnéise agus tiomsú a bheith ar siúl gach ráithe, áfach, tagann laghdú, de ghnáth, ar chuimsiú agus ar raon feidhme i gcás na gcuntas náisiúnta ráithiúil.

Cuimsítear na nithe seo a leanas i gcreat na gcuntas ráithiúil:

- (a) na príomh-chomhiomláin, lena n-áirítear fostaíocht agus daonra;
- (b) cuntais airgeadais agus neamhairgeadais de réir earnála institiúidí;
- (c) miondealuithe le mionsonraí teoranta ar na príomh-chomhiomláin amhail oll-bhreisluch, ollfhoirmiú caipitil sheasta, allmhairí agus onnmhairí earraí agus seirbhísí, agus fostaíocht; agus
- (d) seicheamh simplithe cuntas.

Déanann creat soláthair agus úsáide simplithe comhlánú úsáideach ar ghnéithe den sórt sin, chun críoch tiomsaithe.

GNÉITHE SONRACHA NA gCUNTAS NÁISIÚNTA RÁITHIÚIL

12.13 Is saincheisteanna tiomsaithe a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i gcás na gcuntas náisiúnta ráithiúil:

- (a) am taifeadta;
- (b) tobmheastacháin;
- (c) cothromú agus tagarmharcáil;
- (d) aonaid tomhais méideanna shlabhráithe; agus
- (e) coigeartuithe de réir séasúir agus coigeartuithe féilire.

Am taifeadta

12.14 Tá na rialacha a bhfuil feidhm acu i leith na gcuntas náisiúnta ráithiúil maidir le ham taifeadta mar an gcéanna leo siúd a bhfuil feidhm acu i leith na gcuntas náisiúnta bliantúil. Tagann fadhbanna sonracha tomhais aníos maidir le ham taifeadta, áfach, i ngeall ar an tréimhse taifeadta níos giorra. Bíonn tionchar aige seo, go háirithe, ar na nithe seo a leanas a thomhas:

- (a) obair idir lámha;
- (b) gníomhaíochtaí le linn tréimhsí sonracha laistigh den bhliain; agus
- (c) íocaíochtaí ar mhinicíocht íseal.

12.15 I gcás na gcuntas náisiúnta ráithiúil, is tábhachtach gníomhaíochtaí agus sreafaí a thaifeadadh le linn tréimhsí sonracha laistigh den bhliain. Braitheann méid gníomhaíochtaí den sórt sin de réir ráithe, amhail an t-aschur ó thalmhaíocht, an fhoirgníocht agus an turasóireacht, ar ghnéithe seachtracha amhail an aimsir agus laethanta saoire oifigiúla. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar sealadach ráithiúil ar phá, ar chánacha, ar shochair shóisialta agus ar dhíbhinní a íoctar ag gnéithe amhail bónaís bhliantúla a íoctar in aon mhí amháin. Má tharlaíonn earráidí in uainiú agus i méid teagmhas den sórt sin a thomhas, beidh earráidí ann freisin agus an fás ráithiúil á thomhas.

Obair idir lámha

12.16 Is é atá i gceist le hobair idir lámha aschur neamhiomlán nach bhfuil réidh le seachadadh fós. Tarlaíonn sé nuair a mhaireann an táirgeadh níos faide ná tréimhse amháin. Tarlaíonn timthriallta táirgthe fada i ngníomhaíochtaí amhail talmhaíocht, foirgníocht, monaraíocht innealra, gluasteán agus long, agus seirbhísí amhail forbairt bogearraí, seirbhísí ailtireachta, déanamh scannán nó imeachtaí móra spóirt. Go minic bíonn íocaíochtaí ina dtráthchodanna ag gabháil le próisis táirgthe fhada den sórt sin, agus tarlaíonn a leithéid go háirithe i ngníomhaíochtaí amhail longthógáil, tógáil aerárthaí, táirgeadh fíona agus conarthaí fógraíochta.

Chun táirgeadh den sórt sin a thomhas ní mór próiseas aonair a dheighilt ina dtréimhsí ar leithligh. Tá sé sin níos deacra i gcás na gcuntas náisiúnta ráithiúil ná mar atá sé i gcás na gcuntas náisiúnta bliantúil. Mar sin féin, bíonn na prionsabail chéanna i gceist maidir le hobair idir lámha a thomhas ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn bliantúil.

Gníomhaíochtaí le linn tréimhsí sonracha laistigh de bhliain

12.17 Is é leithdháileadh aschuir ar bhonn na gcostas arna dtabhú le himeacht ama an gnáthbhealach a ndéantar aschur deiridh a leithdháileadh ar thréimhsí ar bhonn fabhráithe, ach ní chuirtear i bhfeidhm go hiomlán i gcónaí é. Níor cheart aon aschur a leithdháileadh ar thréimhsí nach bhfuil próiseas táirgthe leanúnach i gceist leo, fiú má tá costais leanúnacha i gceist. Baineann sé seo leis an gcostas ar chaipiteal a úsáid, mar shampla íocaíochtaí cíosa as innealra a úsáid. Féadfaidh an cas seo a bheith ann i leith talmhaíochta, ina bhféadfadh sé tarlú nach mbíonn aon táirgeadh ar siúl i dtréimhsí áirithe. Eascraíonn tréimhsí ina bhféadfadh sé tarlú nach mbíonn aon táirgeadh ar siúl freisin i dtionscail phróiseála bia ina mbraitear ar tháirgí ó fhómhair.

Íocaíochtaí ar mhinicíocht íseal

12.18 I gcás gníomhaíochta a tharlaíonn ar feadh na bliana, is éard atá in íocaíochtaí ar mhinicíocht íseal íocaíochtaí a dhéantar uair amháin in aghaidh na bliana, nó tráthchodanna ainmhinice feadh na bliana. Tá díbhinní, ús, cánacha, fóirdheontais agus bónaís fostaithe, amhail bónaís dheireadh na bliana agus bónaís saoire, ina samplaí d'íocaíochtaí dá leithéidí. Déantar na hidirbhearta dáileacháin uile den sórt sin a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe, nuair a thagann an t-éileamh chun cinn seachas nuair a íoctar é. Tagann an tsaincheist sin a bhaineann leis an am taifeadta chun cinn sna cuntais náisiúnta bhliantúla freisin, i gcásanna ina bhféadfadh baint a bheith i bpáirt ag íocaíochtaí le bliain chuntasaíochta eile.

12.19 D'fhonn plé le saincheisteanna uainiúcháin den sórt sin, aithnítear dhá chatagóir íocaíochtaí.

(a) Ní mór íocaíochtaí a bhfuil tréithe *ad hoc* amháin acu a thaifeadadh sa tréimhse ina ndéantar iad iarbhír. Mar shampla, ní dhéantar díbhinní a shocrú de ghnáth go dtí go mbeidh na leabhair dúnta ar bhliain fhioscach agus d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfuil aon bhaint acu le brabúis na cuideachta feadh na bliana sin.

(b) Ní mór íocaíochtaí a bhfuil baint sheasta acu le tréimhse áirithe (e.g. íocaíochtaí arna dtabhú i dtréimhse roimhe sin nó arna dtabhú thar roinnt tréimhsí cuntasaíochta) a leithdháileadh ar na tréimhsí ina dtabhaítear iad. Is samplaí iad cánacha ar ioncam agus ar tháirgí, a d'fhéadfaí a bhailiú i dtréimhse ina dhiaidh sin.

12.20 D'fhéadfadh sé a bheith fiordheacair prionsabail um fhabhrú a chur i bhfeidhm i leith sonraí ráithiúla i gcásanna den sórt sin, agus bíonn gá le modhanna eile, amhail bonn arna choigeartú de réir airgid, nó íocaíochtaí fabhráithe a leithdháileadh ar thréimhsí ionas go ndéanfaí an méid is lú saofa is féidir ar shaintréithe na hamsraithe.

Tobmheastacháin

12.21 Tugtar forbhreathnú i gcuntais náisiúnta ráithiúla ar staid an gheilleagair ach le moill ghearr i ndiaidh dheireadh na ráithe tagartha. Tá infhaighteacht thráthúil ar fhaisnéis den sórt sin ina cabhair chun treochtaí eacnamaíocha a aithint agus a léirmhíniú. Dá bhrí sin, déanann údaráis staitistiúla tobmheastacháin ar phríomh-chomhiomláin mhaicreacnamaíocha, lena n-áirítear fás OTI agus táscairí na gcuntas náisiúnta ráithiúil, a thiomús níos minice.

12.22 Is meastachán luath ar athróg eacnamaíoch don tréimhse thagartha is déanaí atá i dtobmheastachán. Déantar an tobmheastachán a ríomh bunaithe ar shonraí neamhiomlána de ghnáth, ach baintear úsáid as an tsamhail staidrimh nó eacnaiméadrach chéanna is a úsáidtear le haghaidh gnáthmheastachán. Déantar an méid sonraí is mó is féidir a chuimsiú i dtiomús na dtobmheastachán. Is iad seo a leanas na difríochtaí idir tobmheastacháin agus meastacháin thraidisiúnta:

(a) tráthúlacht: bíonn tobmheastacháin ar fáil níos luaithe ná na meastacháin thraidisiúnta;

(b) cruinneas: bíonn comhbhabhtáil ann idir tráthúlacht agus cruinneas. De ghnáth, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar thobmheastacháin níos minice ná ar mheastacháin thraidisiúnta.

(c) cuimsiú: cuimsítear líon níos lú athróg i dtobmheastacháin ná mar a chuimsítear i meastacháin thraidisiúnta;

(d) faisnéis: bíonn tobmheastacháin bunaithe ar níos lú faisnéise. Go minic, ní bhíonn an fhaisnéis go léir ar a mbunáitear meastacháin thraidisiúnta ar fáil le haghaidh tobmheastachán;

(e) modh meastacháin: de bharr na heaspa sonraí, braitear níos mó ar thiomhdí agus ar mhodhanna eacnaiméadracha i dtobmheastacháin.

Comhardú agus tagarmharcáil na gcuntas náisiúnta ráithiúil

12.23 Is sraith chomhtháite cuntas a thionsaítear ar bhonn ráithiúil iad cuntais náisiúnta ráithiúla. Is cuid lárnach den chreat cuntas náisiúnta iad agus bíonn siad comhsheasmhach leis na cuntais bhliantúla.

12.24 Baintear amach comhsheasmhacht inmheánach na gcuntas ráithiúil trí mheastacháin ar sholáthar agus úsáid a réiteach i gcomhair na gcuntas ar bhonn ráithiúil. Déantar comhsheasmhacht leis na cuntais bhliantúla a áirithiú trí na cuntais ráithiúla a thagarmharcáil i gcoinne na gcuntas bliantúil nó trí na cuntais bhliantúla a dhíorthú ó na cuntais ráithiúla.

Comhardú

12.25 Tá an próiseas comhardaithe nó réitigh ina chuid lárnach de phróiseas tiomsaithe na gcuntas náisiúnta. Baintear an úsáid is fearr is féidir as na foinsí éagsúla faisnéise atá ina mbonn taca le haonaid tomhais éagsúla sna cuntais. Go ginearálta, déantar iarracht le comhardú na sonraí staidrimh bunúsacha is bun leis na cineálacha cur chuige éagsúla i leith thiomsú an OTI agus na codanna eile de na cuntais a chur isteach i gcreat soláthair agus úsáide agus, ar an dóigh sin, an fhaisnéis go léir atá ar fáil a úsáid ar bhealach éifeachtach.

12.26 Baineann prionsabail agus nósanna imeachta an phróisis chomhardaithe a bhfuil feidhm acu i leith na gcuntas bliantúil le cuntais ráithiúla freisin, agus léirítear minicíocht ráithiúil an tiomsaithe le nósanna imeachta breise. Léirítear na gnéithe seo a leanas de chuntais ráithiúla i nósanna imeachta breise den sórt sin:

- (a) comhsheasmhacht a choimeád idir sonraí a ndéantar coigeartú de réir séasúir orthu agus sonraí nach ndéantar coigeartú orthu;
- (b) comhsheasmhacht idir aonaid tomhais méideanna agus praghsanna reatha a áirithiú;
- (c) aonaid tomhais ó na cineálacha cur chuige éagsúla a réiteach le tiomsú an OTI.

Beidh creat ráithiúil simplithe soláthair agus úsáide ina chabhair chun cuntais náisiúnta ráithiúla a chomhardú. Nuair a dhéantar táblaí bliantúla soláthair agus úsáide a thiomsú go rialta, is féidir faisnéis sna táblaí ráithiúla soláthair agus úsáide a nascadh leo go sainráite mar chuid den phróiseas comhardaithe agus tagarmharcála.

Comhsheasmhacht idir cuntais ráithiúla agus cuntais bhliantúla — tagarmharcáil

12.27 Féadfar dul i mbun cuntais ráithiúla a chur ar comhréim le cuntais bhliantúla ar dhá bhealach:

- (a) cuntais ráithiúla a chur ar comhréim le cuntais bhliantúla, ar a dtugtar tagarmharcáil freisin;
- (b) cuntais bhliantúla a dhíorthú ó na cuntais ráithiúla.

12.28 Tarlaíonn neamhréireachtaí idir cuntais ráithiúla agus cuntais bhliantúla de bharr difríochtaí i bhfoinsí agus infhaighteacht faisnéise ó fhoinsí comhroinnte den chuid is mó.

12.29 Féadfar mórán modhanna éagsúla a úsáid chun comhiomláin ráithiúla agus comhiomláin bhliantúla chomhfhreagra a réiteach.

Is é an modh idéalach na cúiseanna leis na difríochtaí a aithint agus comhiomláin bhliantúla agus ráithiúla réitithe nua a dhíorthú ag baint úsáide as an bhfaisnéis go léir atá ar fáil.

Áirithítear leis na teicnící tagarmharcála go bhfuil comhsheasmhacht ann idir an dá thacar comhiomlán trí cheann amháin a ghlacadh mar chaighdeán agus an ceann eile a oiriúnú le go mbeidh sé comhsheasmhach leis an gcéad cheann, ag úsáid modhanna éagsúla idir choigeartuithe matamaiticiúla simplí agus nósanna imeachta eacnaiméadracha agus staidrimh casta. Is éard is aidhm do theicnící tagarmharcála comhchuibheas cuntasaióchta an dá thacar comhiomlán a áirithiú ó thaobh gluaiseachtaí a choimeád nó critéar dea-shainithe eile.

Cuid lárnach den phróiseas tiomsaithe is ea tagarmharcáil agus ba cheart go ndéanfaí í, i bprionsabal, ar an leibhéal tiomsaithe is mionsonraí agus is féidir. Sa chleachtas, d'fhéadfadh baint a bheith aige sin le sraitheanna éagsúla a thagarmharcáil i gcéimeanna thar thréimhse ama, i gcás ina n-úsáidtear sonraí le haghaidh roinnt sraitheanna, a ndearnadh tagarmharcáil orthu cheana féin, chun sraitheanna eile a mheas, leis an dara nó an tríú babhta de thagarmharcáil ina dhiaidh sin.

12.30 Nuair a ghlactar le comhiomláin ráithiúla mar thagarmharc, déantar comhiomláin bhliantúla a dhíorthú trí na figiúirí ráithiúla iomchuí a shuimiú. Ar an mbealach sin, déantar comhsheasmhacht a áirithiú.

12.31 Go minic, bíonn réiteach na gcomhiomlán ráithiúil agus bliantúil ina thoradh ar mheascán de chineálacha cur chuige tagarmharcála: mar shampla, is féidir réamh-mheastacháin bhliantúla a dhíorthú trí fhigiúirí ráithiúla a chomhiomlánú, agus, chomh luath is a chuirtear faisnéis bhliantúil ar fáil agus a dhéantar an comhiomlán bliantúil a athbhreithniú, cuirtear an tagarmharc bliantúil i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí ráithiúla comhfhreagra.

Aonaid tomhais shlabhráithe athruithe praghsanna agus méideanna

12.32 I gcás na gcuntas náisiúnta bliantúil, déantar athruithe praghsanna agus méideanna a thomhas trí innéacs slabhrach bliantúil i bprionsabal. Ar mhaithe le comhchuibheas, déantar na haonaid tomhais ráithiúla ar athruithe praghsanna agus méideanna a theorannú do na haonaid tomhais shlabhráithe bhliantúla.

- 12.33 Ar mhaithe le comhsheasmhacht idir na haonaid tomhais praghsanna agus méideanna i gcuntais ráithiúla agus bhliantúla ní mór na haonaid tomhais bhliantúla a dhíorthú ó aonaid tomhais ráithiúla nó na sonraí ráithiúla a theorannú do na sonraí bliantúla ag úsáid teicnící tagarmharcála. Tá sé sin fíor fiú má chomhlíontar an bunriachtanas go bhfuil na haonaid tomhais ráithiúla agus bhliantúla bunaithe ar na modhanna tiomsaithe agus léiriúcháin céanna, mar shampla ag baint úsáide as an bhfoirmle innéacs, as an mbonnbhliain agus as an tréimhse thagartha chéanna. Ní féidir comhsheasmhacht dhocht a bhaint amach toisc nach léireofar an fás céanna sna hinnéacsanna ráithiúla is atá sna hinnéacsanna bliantúla comhfhreagracha de ghnáth, de bharr fhoirm mhatamaiteiciúil an innéacs.
- 12.34 Cé go bhféadfadh aonaid tomhais méideanna shlabhráithe ráithiúla a bheith bunaithe ar mhinicíocht ráithiúil an tslabhráithe, ba cheart slabhrú a dhéanamh ar bhonn bliantúil i bprionsabal. Déantar aonaid tomhais méideanna ráithiúla a shlabhrú ar bhonn bliantúil.
- 12.35 Is é atá i sraitheanna méideanna shlabhráithe na gcuntas náisiúnta ráithiúil ná athruithe ráithiúla méideanna ag úsáid meánphraghsanna bliantúla na bliana roimhe sin. Féadfar trí chur chuige a úsáid chun innéacsanna ráithiúla méideanna a shlabhrú go bliantúil:
- forluí bliantúil;
 - forluí ráithiúil;
 - cur chuige bliantúil.
- Má dhéantar amshraith a chruthú trí cheann de na trí theicníc shlabhráithe a chur i bhfeidhm, is gnách go dtarlaíonn bristeacha struchtúracha sa tsraith shlabhráithe atá mar thoradh ar an amshraith, agus braitheann an tionchar a bheidh aige sin ar an gcur chuige shlabhráithe a roghnaíodh agus ar athrú ar an struchtúr praghsanna le himeacht ama.
- 12.36 I gcur chuige an fhorluí bhliantúil, úsáidtear meánluachanna bliantúla na bliana roimhe sin i bpraghsanna na bliana sin. De thoradh air sin, bíonn comhiomláin bhliantúla d'aonaid tomhais méideanna ráithiúla ann atá combhionann leis na sraitheanna cuntas náisiúnta bliantúil shlabhráithe arna ndíorthú go neamhspleách. Sa bhreis air sin, ní bhíonn tionchar ag na bristeacha ar na rátaí athraithe ó ráithe amháin go ráithe eile laistigh den bhliain féilire chéanna idir R1 agus R4. Mar sin féin, bíonn tionchar ag bristeacha a tharlaíonn ón gceathrú ráithe i mbliain áirithe go dtí an chéad ráithe sa bhliain ina dhiaidh sin, a bhíonn le feiceáil sa ráta athraithe ó ráithe amháin go ráithe eile freisin, ar an tsraith méideanna.
- 12.37 I gcodarsnacht leis sin, is é an toradh a bhíonn ar chur chuige an fhorluí ráithiúil rátaí athraithe neamhshaofa ó ráithe amháin go ráithe eile le haghaidh ráithí uile na bliana, toisc go dtagraíonn na slabhraí do mhéideanna ceathrú ráithe na bliana roimhe sin arna luacháil ag meánphraghsanna na bliana sin. Mar sin féin, murab ionann agus cur chuige an fhorluí bhliantúil, is é an toradh a bhíonn ar chur chuige an fhorluí ráithiúil sraitheanna shlabhráithe ráithiúla nach bhfuil comhsheasmhach leis na sraitheanna cuntas náisiúnta bliantúil shlabhráithe arna ndíorthú go neamhspleách.
- 12.38 Is é an toradh a bhíonn ar an gcur chuige bliantúil i leith an tslabhráithe rátaí fáis neamhshaofa bliain ar bhliain le haghaidh na ráithí uile, toisc go dtagraíonn na slabhraí do mhéideanna na ráithe céanna sa bhliain roimhe sin, arna luacháil ag meánphraghsanna na bliana sin. Mar sin féin, gheofar torthaí ón gcur chuige seo a mbíonn tionchar ag bristeacha struchtúracha orthu i ngach ráithe, ionas go mbíonn tionchar ag briseadh ar gach ráta athraithe ó ráithe amháin go ráithe eile. Dá bhrí sin, bíonn an tionchar is mó ag an gcur chuige bliantúil ar phróifíl sraithe le linn bliana.
- 12.39 Ar an gcoinníoll gur beag iad iarmhairtí na hionadaíochta (athruithe ar mhéideanna i ngeall ar athruithe sa struchtúr praghsanna) thar thréimhse bliana, bíonn torthaí an-chosúil ar na trí chineál cur chuige maidir le slabhrú ráithiúil méideanna.

Bunaithe ar chomaoineacha praiticiúla amhail comhsheasmhacht idir fás ráithiúil den sórt sin agus fás shlabhráithe bliantúil mar aon le simplíocht agus trédhearcacht an ríomha, is é modh an fhorluí bhliantúil an modh a mholtar.

Coigeartuithe de réir séasúir agus coigeartuithe féilire

- 12.40 Is é atá i gceist le séasúracht patrún ar bith a athfhilleann ar bhonn rialta sa tréimhse chéanna gach bliain.
- Sampla de sin is ea uachtar roeite a dhíol i rith an tsamhraidh. Déantar teagmhais athfhilleacha go rialta a réiteach i gcaitheamh na bliana trí choigeartú a dhéanamh i gcomhair séasúrachta, ach ní thagann aon athrú ar thionchar na dteagmhais mírialta. Cuirtear san áireamh freisin sa choigeartú a dhéantar i gcomhair séasúrachta go mbíonn faid éagsúla i míonna agus i ráithí éagsúla. Is léiriú iad na torthaí a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu ar ghnáth-theagmhais agus ar theagmhais athfhilleach feadh na bliana iomláine ina dtarlaíonn siad. Tugtar léiriú níos soiléire ar na gnéithe seo a leanas i sraitheanna a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu ná mar a thugtar i sraitheanna nach bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu:
- athruithe i dtreocht; agus
 - pointí casaidh sa timthriall gnó.
- 12.41 Is é atá i gceist le hiarmhairt féilire an tionchar atá ag na nithe seo a leanas ar amshraith:
- líon agus comhdhéanamh na laethanta oibre agus trádála;
 - laethanta saoire seasta agus athraitheacha;
 - blianta bisigh agus feiniméin féilire eile amhail nasc-laethanta.

- 12.42 De bharr iarmhairtí séasúracha agus iarmhairtí féilire in amshraitheanna na gcuntas náisiúnta ráithiúil éiríonn an treocht i bhfás chomhiomlán na gcuntas náisiúnta ráithiúil doiléir. Dá bhrí sin, tá na coigeartuithe i gcomhair iarmhairtí séasúracha agus iarmhairtí féilire ina gcabhair chun tatal a bhaint as treochtaí ó chuntais náisiúnta ráithiúla; sa bhreis air sin, léiríonn coigeartú de réir séasúir an tionchar a bhíonn ag teagmhais mhóra mhírrialta nó éifeachtaí móra mírialta le cabhrú chun tuiscint a fháil ar fhorbairtí eacnamaíocha trí bhíthin staitisticí na gcuntas náisiúnta ráithiúil.
- 12.43 Is é a bhíonn in éagsúlachtaí séasúracha go minic iarmhairt éagsúlachtaí in úsáid fuinnimh, gníomhaíocht turasoíreachta, cúrsaí aimsire a mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíocht amuigh faoin aer amhail foirgníocht, bónaís tuarastail agus éifeachtaí laethanta saoire seasta chomh maith le cleachtais institiúideacha nó riaracháin de gach cineál. Braithéann éagsúlachtaí séasúracha i gcuntais náisiúnta ráithiúla ar na foinsí sonraí agus ar na modhanna tiomsaithe a úsáidtear chomh maith.
- 12.44 Chun fachtóirí séasúracha a mheas go réasúnta, d'fhéadfadh gá a bheith ann an t-amshraith a réamh-láimhseáil. Cuireann sé sin cosc ar dhífear a dhéanamh do chaighdeán na meastachán séasúrach i ngeall ar asluitigh amhail riog-asluitigh, athruithe neamhbhuana agus athruithe leibhéil, iarmhairtí féilire agus laethanta saoire náisiúnta. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh asluitigh fós le feiceáil sna sonraí a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu mura bhfuil siad ann de bharr earráide, toisc gur féidir leo teagmhais shonracha a léiriú amhail stailceanna, tubaistí nádúrtha, etc. Dá bhrí sin, ba cheart na hasluitigh a thabhairt isteach san amshraith arís i ndiaidh meastachán a bheith déanta ar na comhpháirteanna séasúracha.

Seicheamh thiomsú na n-aonad tomhais méideanna slabhráithe a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu

- 12.45 Is toradh é tiomsú aonaid tomhais méideanna shlabhráithe na gcuntas náisiúnta ráithiúil a ndearnadh coigeartú de réir séasúir agus coigeartuithe féilire orthu ar sheicheamh oibríochtaí lena n-áirítear coigeartú de réir séasúir agus coigeartuithe féilire, slabhrú, tagarmharcáil agus comhardú, arna gcur i bhfeidhm ar an bhfaisnéis bhunúsach nó chomhiomlánaithe atá ar fáil.
- 12.46 Braithéann seicheamh chur i bhfeidhm na gcéimeanna éagsúla den phróiseas tiomsaithe aonaid tomhais méideanna shlabhráithe na gcuntas náisiúnta ráithiúil a ndearnadh coigeartú de réir séasúir orthu ar shonraíochtaí an phróisis táirgthe agus ar leibhéal an chomhiomlánaithe ar a gcuirtear i bhfeidhm é.
- Go hidéalach, faightear sraitheanna méideanna slabhráithe a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu trí choigeartú de réir séasúir a dhéanamh ar na sraitheanna slabhráithe, agus i ndiaidh sin tagarmharcáil a dhéanamh ar an tsraith shlabhráithe choigeartaithe.
- 12.47 Tá córais tiomsaithe na gcuntas náisiúnta ráithiúil ann ina dtáirgtear sonraí a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu ar leibhéal an-mhionsonraithe, agus fiú ar leibhéal nach gcuirtear aon slabhrú i bhfeidhm air, e.g. nuair atá cuntais náisiúnta ráithiúla á dtáirgeadh ó tháblaí soláthair agus úsáide ráithiúla. Is é an t-ord sa chás sin coigeartú de réir séasúir, comhardú, slabhrú agus tagarmharcáil. Ar leibhéal dí-chomhbhailithe, d'fhéadfadh nach mbeadh na meastacháin ar an gcomhpháirt shéasúrach chomh hiontaofa is a bhíonn siad ar leibhéal níos airde na gcuntas náisiúnta ráithiúil. Is gá aird faoi leith a thabhairt ar na hathbhreithnithe ar an gcomhpháirt shéasúrach. Ina theannta sin, níor cheart go dtabharfaí patrún séasúrach isteach sa tsraith trí chomhordú agus slabhrú a dhéanamh ar shonraí a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu.
- 12.48 Féadfar aonaid tomhais méideanna na gcuntas náisiúnta ráithiúil ar mheánphraghsanna na bliana roimhe sin a shlabhrú trí mhodh an fhorlú ráithiúil, trí mhodh an fhorlú bhliantúil nó trí mhodh an chur chuige bhliantúil a úsáid. I gcomhthéacs an choigeartaithe de réir séasúir ar aonaid tomhais méideanna na gcuntas náisiúnta ráithiúil, is iad modh an fhorlú ráithiúil agus modh an fhorlú bhliantúil na modhanna tosaíochta. Ní mholtar modh an chur chuige bhliantúil a úsáid toisc go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le bristeacha i ngach aon ghluaiseacht ó ráithe amháin go ráithe eile sa tsraith.
- 12.49 Déantar aonaid tomhais méideanna ráithiúla shlabhráithe a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu a theorannú do na sonraí bliantúla shlabhráithe nach ndearnadh coigeartú de réir séasúir orthu trí theicnící tagarmharcála nó teorannaithe a úsáid a íoslaghdaíonn an tionchar ar athruithe ó ráithe amháin go ráithe eile sa tsraith. Is gá an tagarmharcáil a dhéanamh ar chúiseanna praiticiúla amháin, e.g. comhsheasmhacht na meánrátaí fáis bliantúla. Ní bheidh mar thoradh patrún séasúrach a thabhairt isteach sa tsraith de thoradh tagarmharcála. Is é is ceart a bheith sa tagairt an tsraith bhliantúil shlabhráithe arna díorthú go neamhspleách i bhfoirm neamhchoigeartaithe ach amháin i gcomhair na gcuntas náisiúnta ráithiúil a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu. Glacfar le heisceachtaí ón gcomhsheasmhacht inmhiannaithe le himeacht ama má tá an tséasúracht ag athrú go tapa.
- 12.50 Is féidir an iarmhairt féilire a roinnt i gcomhpháirt shéasúrach agus i gcomhpháirt neamhsheasúrach. Comhfhreagraíonn an chéad cheann don mheánchás féilire a athfhilleann gach bliain sa séasúr céanna; comhfhreagraíonn an dara ceann do dhiall na n-athróg féilire, amhail líon laethanta trádála/oibre, saoirí athraitheacha agus laethanta bliana bisigh, ón meán sainiúil don mhí nó don ráithe.
- 12.51 Trí choigeartú féilire baintear amach na comhpháirteanna féilire neamhsheasúracha sin ón tsraith a bhfuil fianaise staidrimh agus míniú eacnamaíoch ann dóibh. Ní foláir iarmhairtí féilire, dá ndéantar sraith a choigeartú ina leith, a bheith éasca le haithint agus seasta a ndóthain le himeacht ama nó, mar mhalairt rogha, ba cheart go bhféadfaí a dtionchar athraitheach thar thréimhse ama a shamhaltú go hiomchuí.

CAIBIDIL 13

CUNTAIS RÉIGIÚNACHA

RÉAMHRÁ

- 13.01 Déantar cur síos ginearálta sa chaibidil seo ar chuntais réigiúnacha agus soiléirítear na cuspóirí agus na prionsabail mhóra choincheapúla agus na ceisteanna móra comhthiomsaithe is gnách maidir le cuntais réigiúnacha.
- 13.02 *Sainmhíniú*: is éard atá sna cuntais réigiúnacha leagan ar leibhéal réigiúnach de chuntais chomhfhreagracha an gheilleagair náisiúnta. Soláthraítear sna cuntais réigiúnacha, miondealú réigiúnach le haghaidh mór-chomhiomlán amhail oll-bhreisluch de réir tionscail agus de réir ioncaim teaghlaigh.
- 13.03 Bainfear úsáid as coincheapa cuntas náisiúnta le haghaidh cuntas réigiúnach mura gcuirfear a mhalairt in iúl sa chaibidil seo.

Forcheiltear sna hiomláin náisiúnta aon difríochtaí i gcoinníollacha eacnamaíocha réigiúnacha agus i bhfeidhmíocht eacnamaíoch réigiúnach. Is gnách go ndáiltear gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus daonra go léagothrom i measc réigiún. Lonnaítear seirbhísí i réigiúin uirbeacha de ghnáth, fad a bhíonn talamhaíocht, gníomhaíochtaí mianadóireachta agus monaraíocht suite i réigiúin neamhuirbeacha. Is minic a bhíonn gné réigiúnach eacnamaíoch ag baint le saincheisteanna móra amhail domhandú, nuálaíocht, aosú, cánachas, bochtanas, dífhostaíocht agus an comhshaol. Dá bhrí sin, tá comhlánú tábhachtach ann idir na cuntais réigiúnacha agus na cuntais náisiúnta.

- 13.04 Cuimsítear an tsraith chéanna cuntas i gcuntais réigiúnacha agus a chuimsítear i gcuntais náisiúnta, sa mhéid is go dtarraingítear aird ar struchtúir, ar fhorbairtí agus ar dhifríochtaí eacnamaíocha réigiúnacha. Is as fadhbanna coincheapúla agus fadhbanna tomhais a thagann sraith cuntas le haghaidh réigiún atá níos teoranta ó thaobh raon feidhme de agus a bhfuil níos lú mionsonraí acu i gcomparáid le cuntais náisiúnta.

Léirítear an méid seo a leanas sna táblaí ar ghníomhaíochtaí táirgthe réigiúnacha de réir tionscail:

- (a) méid agus dinimic an táirgthe agus na fostaíochta de réir réigiúin;
- (b) ranníocaíocht na réigiún le comhiomláin náisiúnta;
- (c) speisialtóireacht gach réigiúin;
- (d) ról na réigiún éagsúil do gach tionscal.

Léirítear ioncam príomha agus ioncam indiúscartha na dteaghlach de réir réigiúin i gcuntais réigiúnacha ioncam na dteaghlach, chomh maith leis na foinsí ioncaim agus dáileadh ioncaim i measc réigiún.

- 13.05 I roinnt Ballstát, bíonn uathriail shubstainteach cinnteoireachta ag réigiúin ar leibhéal éagsúla. Dá bhrí sin, tá na cuntais réigiúnacha a bhaineann leis na réigiún sin tábhachtach le haghaidh beartais náisiúnta agus réigiúnaigh.
- 13.06 Úsáidtear na cuntais réigiúnacha chun críoch tábhachtach sonracha riaracháin freisin, e.g.:
- (a) ioncaim ó cháin shonrach náisiúnta a leithdháileadh ar rialtais réigiúnacha;
 - (b) cistí a leithdháileadh mar chuid den Bheartas Comhtháthaithe Eorpach.

- 13.07 Féadfar cuntais réigiúnacha a úsáid ar bhealach solúbtha ar leibhéal éagsúla comhiomlánaithe. Ní bhaineann an méid sin le réigiúin gheografacha amháin. Ina theannta sin, is féidir na réigiúin gheografacha a ghrúpáil de réir struchtúir eacnamaíoch, de réir suímh agus de réir caidrimh eacnamaíoch le réigiúin (chomharsanachta) eile. Is buntáiste ar leith é sin chun struchtúir eacnamaíocha agus forbairt eacnamaíoch ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal Eorpach a anailísiú.

- 13.08 Tiomsófar na cuntais réigiúnacha ar bhonn mionsonraí réigiúnacha arna mbailiú go díreach, agus ar bhonn mionsonraí náisiúnta le miondealuithe réigiúnacha bunaithe ar thoirimh. Is mó mionsonraí a bhailítear go díreach, is lú ról a bheidh ag na toirimh. Ní foláir toirimh a dhéanamh i dtiomsú na gcuntas réigiúnach nuair atá faisnéis réigiúnach atá iomlán, tráthúil agus iontaofa go leor in easnamh. Tugtar le fios nach léirítear roinnt difríochtaí idir réigiúin sna cuntais réigiúnacha.

CRÍOCH RÉIGIÚNACH

- 13.09 Is cuid de gheilleagar iomlán tíre é geilleagar réigiúnach den tír sin. Sainítear an geilleagar iomlán de réir aonaid institiúidigh agus earnála institiúidí. Is éard atá sa gheilleagar iomlán na haonaid institiúideacha go léir a bhfuil lárionad príomh leasa acu i gcríoch eacnamaíoch tíre (féach mír 2.04. Ní hionann go díreach críoch eacnamaíoch agus críoch gheografach (féach mír 2.05). Is féidir críoch eacnamaíoch tíre a roinnt ina gcríocha réigiúnacha agus ina críoch sheachréigiúnach.
- 13.10 Baineann an chríoch réigiúnach leis an gcuid sin den chríoch eacnamaíoch a aicmítear go díreach de réir réigiúin, lena n-áirítear aon saorchriosanna, trádstórais agus monarchana atá faoi bhannaí.
- 13.11 Tá an chríoch sheachréigiúnach comhdhéanta de chodanna de chríoch eacnamaíoch tíre nach féidir a aicmiú go díreach i réigiún amháin. An méid seo a leanas atá inti:
- (a) an t-aerspás náisiúnta, na huiscí teorann agus an scairbh ilchríochach atá suite in uiscí idirnáisiúnta ar a bhfuil cearta eisiacha ag an tír;
 - (b) eachtarchríocha de chuid na críche (i.e. críocha geografacha atá suite sa chuid eile den domhan arna n-úsáid ag gníomhaireachtaí rialtas ginearálta na tíre — ambasáidí, consalachtaí, bunáiteanna míleata, bunáiteanna eolaíochta, etc. faoi chonarthaí idirnáisiúnta nó faoi chomhaontuithe idir stáit);
 - (c) fosuithe ola, gáis nádúrtha, etc. in uiscí idirnáisiúnta atá lonnaithe lasmuigh de scairbh ilchríochach na tíre agus atá á saothrú ag aonaid chónaitheacha.
- 13.12 Tá miondealú aonair aonfhoirmeach ar chríoch eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh le fáil in aicmiú NUTS. Chun críoch náisiúnta, féadfar cuntais réigiúnacha a thiomnú ag leibhéal réigiúnach níos mionsonraithe.

AONAIÐ AGUS CUNTAIS RÉIGIÚNACHA

- 13.13 Déantar idirdhealú idir dhá chineál aonaid le haghaidh an gheilleagair náisiúnta. Ar an gcéad dul síos, léirítear sna taifid le haghaidh an aonaid institiúidigh, na sreafaí a dhéanann dífeall d'ioncam, d'idirbhearta caipitil agus airgeadais, do shreafaí eile agus do chláir chomhardaithe. Ar an dara dul síos, léirítear sna taifid le haghaidh an aonaid phríomhghníomhaíochta áitiúil (APG áitiúil), sreafaí sa phróiseas táirgthe agus in úsáid na n-earraí agus na seirbhísí.

Aonaid institiúideacha

- 13.14 I gcás cuntas réigiúnach, agus ag brath ar an leibhéal réigiúnach, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir dhá chineál aonaid institiúidigh:

Aonaid aonréigiúnacha, nuair atá an lárionad príomhleasa eacnamaíoch suite in aon réigiún amháin. Is samplaí d'aonaid aonréigiúnacha iad na haonaid a leanas: teaghlaigh, corparáidí a bhfuil a APGanna áitiúla suite sa réigiún céanna, formhór na rialtas áitiúil agus réigiúnach, cuid den tslándáil shóisialta agus (INBFTanna).

Aonaid ilréigiúnacha, nuair atá an lárionad príomhleasa eacnamaíoch suite i níos mó ná aon réigiún amháin. Is samplaí iad corparáidí agus INBFTanna d'aonaid a thrasnaíonn réigiúin. Is samplaí eile iad aonaid institiúideacha a dtrasnaíonn a ngníomhaíochtaí an tír ar fad, amhail an rialtas láir agus líon beag corparáidí a bhfuil monaplacht nó neasmhonoplachtaí acu.

- 13.15 Is ar an réigiún ina bhfuil a lárionad príomhleasa eacnamaíoch ag aonaid den sórt sin a leithdháiltear idirbhearta uile na n-aonaid institiúideach aonréigiúnach. I gcás teaghlach, is é an réigiún ina bhfuil cónaí orthu seachas an réigiún ina n-oibríonn siad an lárionad príomhleasa eacnamaíoch. Is sa réigiún ina bhfuil siad suite atá lárionad príomhleasa eacnamaíoch ag aonaid aonréigiúnacha eile.
- 13.16 Ní féidir roinnt idirbheart de chuid na n-aonaid ilréigiúnach a leithdháileadh de réir réigiúin. Is amhlaidh an cás maidir le formhór na n-idirbheart dáileacháin agus airgeadais. Dá bhrí sin, i ndáil le haonaid ilréigiúnacha, ní dhéantar taifeadh ar leibhéal réigiúnach d'ítimí comhardaithe de chuid na n-aonaid ilréigiúnach amhail coigilt agus glaniasachtú.

Aonaid príomhghníomhaíochta áitiúla agus gníomhaíochtaí táirgthe réigiúnacha de réir tionscail

- 13.17 Féadfaidh gnóthais gníomhaíochtaí táirgthe a dhéanamh ag níos mó ná suíomh amháin, agus is gá gníomhaíochtaí a leithdháileadh de réir suímh i gcás cuntas réigiúnach. I gcás ina ndéantar gnóthais a dheighilt ó thaobh suíomhanna de, tugtar aonaid áitiúla ar na codanna deighilte.
- 13.18 Is féidir aonaid institiúideacha a leithdháileadh ar bhonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha chun gníomhaíochtaí táirgthe an gheilleagair a thuairisciú de réir tionscail. De thoradh air sin, tagann tionscail ilchineálacha chun cinn, mar go mbíonn gníomhaíochtaí tánaisteacha substaintiúla atá difriúil óna bpríomhghníomhaíocht ag a lán gnóthas. De thoradh air sin freisin, i gcás roinnt tionscal áirithe is méid beag den aschur iomlán é príomhtháirge an tionscail. D'fhonn grúpaí táirgeoirí a fháil ag a bhfuil gníomhaíochtaí níos aonchineálaí ó thaobh aschuir de, ó thaobh struchtúir na gcostas agus teicneolaíochta táirgthe de, roinntear gnóthais in aonaid níos lú agus níos aonchineálaí. Tugtar aonaid príomhghníomhaíochta áitiúla ar na haonaid sin.
- 13.19 Is éard atá i gceist le haonad príomhghníomhaíochta áitiúil (APG áitiúil), an chuid sin d'aonad príomhghníomhaíochta (APG) a chomhfhreagraíonn d'aonad áitiúil. Nuair a bhíonn AGP ag gabháil do ghníomhaíochtaí táirgthe i roinnt réigiún, déantar an fhaisnéis faoin APG a roinnt d'fhonn cuntais réigiúnacha a thiomnú. Chun críocha na roinnte sin, is gá faisnéis a chur ar fáil faoi fhostaithe a chúiteamh, nó cúiteamh a thabhairt de thoradh na fostaíochta mura mbeadh a leithéid ar fáil, mar aon le hollfhoirmiú caipitil sheasta. I ndáil le gnóthais atá suite in aon suíomh amháin agus ina n-áirítear formhór an bhreisluacha sa príomhghníomhaíocht, is ionann APG áitiúil agus an gnóthas.
- 13.20 Is éard atá i gceist le tionscal le haghaidh réigiúin áirithe, grúpa APGanna áitiúla atá i mbun na príomhghníomhaíochta céanna nó a bhfuil príomhghníomhaíocht chomhchosúil ar siúl acu.
- 13.21 Agus APG áitiúil á shainiú, bíonn trí chás ar leithligh i gceist:
- gníomhaíocht táirgthe arna déanamh i suíomh sonrath agus a bhaineann le hionchur suntasach saothair. Is ionann ionchur suntasach saothair, sa chomhthéacs sin, ar a laghad agus coibhéis bhliantúil duine amháin a oibríonn ar bhonn rialta leathlá;
 - tríd is tríd, ní ceart a mheas gur APG áitiúil ar leithligh í gníomhaíocht táirgthe arna déanamh i suíomh sonrath agus nach bhfuil ionchur suntasach saothair aici; agus ba cheart go mbeadh an táirgeadh luaite leis an aonad áitiúil atá freagrach as bainistiú an táirgthe sin. Tá eisceachtaí ann i ndáil leis an riail sin, áfach: samplaí is ea muilté gaoithe, ola agus gás a eastóscadh, mol idirlín agus stáisiún pheitрил atá iomlán uathoibríoch. Féadfar na gníomhaíochtaí táirgthe den sórt sin a bheith suite in aon réigiún amháin agus a bheith á mbainistiú go hiomlán i réigiún eile. Ní dhéantar taifeadadh ar aschur gníomhaíochtaí den sórt sin sa réigiún ina mbainistítear iad, óir déantar an táirgeadh sa réigiún eile. Ba cheart go ndéanfaí taifeadadh ar an ollfhoirmiú caipitil sheasta i réigiún céanna an aschuir ghaolmhair agus an bhreisluacha;
 - i gcás gníomhaíochta táirgthe nach ndéantar i suíomh sonrath, cuirfear coincheap na háite cónaithe (féach mír 2.04) i bhfeidhm maidir léi ar an leibhéal náisiúnta. Mar shampla, cláraítear tionscadail mhóra foirgníochta arna ndéanamh ag conraitheoirí ó réigiún eile mar APG áitiúil ar leithligh. Is samplaí de thionscadail mhóra foirgníochta iad droichid, dambaí agus stáisiúin cumhachta a thógáil agus ar tionscadail iad a thógann bliain nó níos mó lena gcur i gcrích agus bainistíonn an t-údarás áitiúil iad. Maidir le tionscadail tógála a mhaireann níos lú ná aon bhliain amháin, úsáidtear áit chónaithe na máthairchuideachta tógála chun an táirgeadh a leithdháileadh de réir réigiúin.
- 13.22 Déantar idirbhearta táirgthe idir APGanna áitiúla atá san aonad institiúideach céanna ach atá suite i réigiúin éagsúla a thaifeadadh. Ní dhéantar aon taifeadadh ar aschur coimhdeach a sheachadadh idir APGanna áitiúla, áfach, ach amháin má tá sé inbhreathnaithe (féach mír 1.31). Tugann an méid sin le tuiscint nach ndéantar ach seachadtaí d'aschur príomha nó tánaisteach idir APGanna áitiúla a thaifeadadh a mhéid agus a úsáidtear an cleachtas sin sna cuntais náisiúnta.
- 13.23 Má tá bunaíocht nach ndéanann ach gníomhaíochtaí coimhdeacha inbhreathnaithe ó thaobh staidrimh de, sa mhéid is go bhfuil cuntais ar leithligh ar fáil maidir leis an táirgeadh a dhéanann sí, nó má tá sí suite i suíomh geografach eile seachas mar a bhfuil na bunaíochtaí a bhfónann sí dóibh, déantar í a thaifeadadh mar aonad ar leithligh agus a aicmiú faoin aicmiú tionsclaíoch a chomhfhreagraíonn dá príomhghníomhaíocht, sna cuntais náisiúnta agus réigiúnacha araon. In éagmais bunsonraí oiriúnacha a bheith ar fáil, déantar aschur na gníomhaíochta coimhdé a mheas trí chostais a shuimiú.

MODHANNA RÉIGIÚNAITHE

13.24 Is ar idirbhearta na n-aonad atá cónaitheach i gcóir réigiúnach atá na cuntais réigiúnacha bunaithe. De ghnáth, tiomsaítear cuntais réigiúnacha trí na modhanna seo a leanas:

- modhanna ón mbun aníos;

- (b) modhanna ón mbarr anuas; nó
- (c) meascán de mhodhanna ón mbun aníos agus ón mbarr anuas.
- 13.25 Is éard é an modh ón mbun aníos nó an modh ardaitheach chun comhiomlán réigiúnach a mheas, go ndéantar sonraí a bhailiú go díreach le haghaidh aonad cónaitheach agus go ndéantar meastacháin réigiúnacha a thiomnú de réir comhiomláin.
- Glactar le bréagmhodh ón mbun aníos nuair nach bhfuil sonraí le haghaidh APGanna áitiúla ar fáil. Is féidir sonraí le haghaidh APGanna áitiúla a mheas ó shonraí gnóthas, APGanna nó an aonaid áitiúil trí shamhlacha dáileacháin a úsáid. Déantar comhiomlánú ar na meastacháin chun iomláin réigiúnacha a fháil de réir mar a tharlaíonn sa mhodh ón mbun aníos.
- Sa dara céim den phróiseas tiomsaithe, réitítear meastacháin ón mbun aníos leis na hiomláin ó na cuntais náisiúnta.
- 13.26 Nuair nach mbíonn faisnéis ar fáil ach amháin ar leibhéal na n-aonad sin ina bhfuil roinnt APGanna áitiúla atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí agus do réigiúin éagsúla, úsáidtear táscairí ar nós cúitimh d'fhostaithe agus fostaíochta de réir réigiúin chun miondealuithe réigiúnacha de réir tionscail a thiomnú.
- 13.27 Is éard atá i gceist leis an modh ón mbarr anuas iomlán náisiúnta a dháileadh ar fud na réigiún, gan iarracht idirdhealú a dhéanamh idir na haonaid chónaitheacha de réir réigiúin. Dáiltear an figiúr náisiúnta trí tháscaire a dháiltear ar fud na réigiún a úsáid sa tslí chéanna ina ndáiltear an athróg atá le meas.
- Tá gá le coincheap an aonaid chónaithe de réir réigiúin d'fhonn cuimsiú réigiúnach den táscaire a úsáideadh a bhaint amach chun leithdháileadh na hathróige is gá a sholáthar de réir réigiúin.
- 13.28 Is annamh a thagtar ar na modhanna ón mbun aníos i bhfoirm íon. Glactar le modhanna measctha freisin. Mar shampla, ní fhéadfaí aon mheastacháin réigiúnacha ar athróg nó ar chomhiomlán athróg a dhéanamh ach amháin le cuidiú a mhodha ón mbun aníos ar leibhéal maicreareigiúnach. Cuirtear modh ón mbarr anuas i bhfeidhm le haghaidh meastachán ar leibhéal réigiúnach níos mionsonraithe.
- 13.29 Is fearr aonaid tomhais dhíreacha de luachanna réigiúnacha ná aonaid tomhais indíreacha. Má chuirtear micreas-honraí iomlána agus iontaofa ar fáil ar leibhéal APGanna áitiúla, déantar meastacháin leis an modh ón mbun aníos ar luachanna réigiúnacha a chomhfhreagraíonn go coincheapúil do luachanna náisiúnta. D'fhonn comhsheasmhacht le hiomláin na gcuntas náisiúnta a bhaint amach, déantar meastacháin na gcuntas réigiúnach sin a chur i gcomhréir le comhiomláin sna cuntais náisiúnta.
- 13.30 Beidh aon tomhas indíreach ar bhonn comhiomlán náisiúnta mar aon le táscaire atá curtha i gcoibhneas leis an athróg atá le tomhas faoi réir earráidí tomhais. Mar shampla, is féidir figiúirí náisiúnta ar oll-bhreislach de réir tionscail a leithdháileadh de réir réigiúin trí staidreamh réigiúnach fostaíochta a úsáid, ar an mbonn gurb ionann, do gach tionscal, oll-bhreislach in aghaidh an fhostaí sna réigiúin uile. Cuirtear feabhas ar ríomhanna ón mbarr anuas trí mhiondealú mionsonraithe ar leibhéal an tionscail a thiomnú.
- 13.31 Leithdháiltear comhiomláin táirgthe ar an réigiún ina bhfuil an t-aonad atá ag déanamh na n-idirbheart iomchuí cónaitheach. Is bunchritéar é áit chónaithe an APG áitiúil i dtaca le leithdháileadh comhiomlán den sórt sin ar réigiún ar leith. Is fearr coincheap na háite cónaithe ná cur chuige críochach ina leithdháiltear gníomhaíochtaí táirgthe ar bhonn a suíomh.
- 13.32 Maidir le tionscail shonracha, amhail foirgníocht, táirgeadh agus dáileadh fuinnimh, líonraí cumarsáide, iompar agus idirghabháil airgeadais, agus i gcás roinnt idirbheart i gcuntais na dteaghlach amhail ioncam ó mhaoin, baineann fadhbanna sonracha le leithdháileadh de réir réigiúin. Maidir le comparáideacht idirnáisiúnta na gcuntas réigiúnach, baintear úsáid as na modhanna tiomsaithe céanna, nó modhanna a thugann torthaí comhchosúla.
- 13.33 Leithdháiltear ollfhoirmiú caipitil sheasta ar réigiún de réir úinéireachta. Leithdháiltear sócmhainní seasta, ar le haonad ilréigiúnach iad, ar na APGanna áitiúla ina n-úsáidtear iad. Déantar na sócmhainní seasta a úsáidtear faoi léas oibriúcháin a thaifeadadh i réigiún úinéir na sócmhainní, agus déantar na sócmhainní seasta a úsáidtear faoi léas airgeadais a thaifeadadh i réigiún an úsáideora.

COMHIOMLÁIN LE HAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁIRGTHE

Oll-bhreisluch agus olltáirgeacht intíre de réir réigiúin

- 13.34 Is féidir úsáid a bhaint as trí chur chuige chun meastachán a dhéanamh ar olltáirgeacht intíre réigiúnach: cur chuige an táirgthe, cur chuige an ioncaim agus cur chuige an chaiteachais.
- 13.35 Le cur chuige an táirgthe déantar olltáirgeacht intíre réigiúnach a thomhas ag praghsanna margaidh mar shuim an oll-bhreislucha ag na bunphraghsanna, móide cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí. Déantar oll-bhreisluch ag na bunphraghsanna a thomhas mar an difríocht idir aschur ag bunphraghsanna agus tomhaltas idirmheánach ag praghsanna ceannaitheoirí.
- 13.36 Le cur chuige an ioncaim déantar olltáirgeacht intíre réigiúnach a thomhas ag praghsanna margaidh trí thomhas agus trí mheastachán a dhéanamh ar na húsáidí éagsúla sa chuid réigiúnach de chuntas giniúna ioncaim an gheilleagair iomláin: cúiteamh d'fhostaithe, ollbharrachas oibriúcháin agus cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgeadh. Is minic a chuirtear faisnéis de réir tionscail faoi chúiteamh d'fhostaithe agus faoi fhostaíocht ar fáil ar leibhéal réigiúnach. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun meastachán a dhéanamh ar oll-bhreisluch de réir tionscail nó trí chur chuige an táirgthe. Tá forluí idir chur chuige an ioncaim don olltáirgeacht intíre réigiúnach agus chur chuige an táirgthe.
- 13.37 De ghnáth, ní bhíonn teacht ar fhaisnéis faoi ollbharrachas oibriúcháin de réir tionscail agus de réir réigiúin. Is féidir faisnéis faoi ollbharrachas oibriúcháin na dtáirgeoirí margaidh a dhíorthú as cuntais ghnó na ngnóthas. Is minic nach bhféadfar teacht ar mhiondealú de réir earála institiúidí agus de réir réigiúin. Is bac é sin ar chur chuige an ioncaim a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar olltáirgeacht intíre réigiúnach.
- 13.38 Cuimsíonn cánacha (lúide fóirdheontais) ar tháirgeadh cánacha (lúide fóirdheontais) ar tháirgí agus cánacha eile (lúide fóirdheontais) ar tháirgeadh. Pléitear leithdháileadh cánacha (lúide fóirdheontais) ar tháirgí i mír 13.43. Maidir le cánacha eile (lúide fóirdheontais) ar tháirgeadh, d'fhéadfaí go mbeadh faisnéis ar fáil de réir tionscail, e.g. i suirbhéanna gnó nó trí thuiscint a fháil ón gcineál sonrath cánach nó fóirdheontais de chuid an tionscail lena mbaineann. D'fhéadfadh an méid sin a bheith mar tháscaire maidir le leithdháileadh aon oll-bhreislucha de réir réigiúin.
- 13.39 Ní úsáidtear cur chuige an chaiteachais chun olltáirgeacht intíre réigiúnach a thomhas de bharr easpa faisnéise. Feictear samplaí den easpa sonraí sin nuair atá faisnéis dhíreach ar dhíolacháin agus ar cheannacháin idir-réigiúnacha ag teastáil, agus nuair atá miondealú ar onnmhairí agus ar allmhairí idir réigiúin ag teastáil.

Leithdháileadh FISIM ar thionscail úsáideoirí

- 13.40 Déantar seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach (FISIM) a láimhseáil i gcuntais réigiúnacha ar an gcaoi chéanna ina láimhseáiltear iad sna cuntais náisiúnta. Cruthaítear fadhb maidir le leithdháileadh tomhaltas idirmheánach FISIM ar thionscail úsáideoirí a leithdháileadh de réir réigiúin, óir nach mbíonn teacht ar mheastacháin a dhéantar ar stoic agus ar iasachtaí agus ar thaiscí de réir réigiúin. I gcás inarb amhlaidh a bheidh, déantar FISIM a leithdháileadh de réir tionscail úsáideoirí ag baint úsáide as an dara modh is fearr: úsáidtear oll-aschur réigiúnach nó oll-bhreisluch de réir tionscail mar tháscairí leithdháilte.

Fostaíocht

- 13.41 Bíonn aonaid tomhais réigiúnacha táirgthe i gcomhréir le meastacháin fostaíochta i réigiún ina dtagann na cónaithe agus na neamhchónaithe araon a oibríonn d'aonaid réigiúnacha táirgthe faoi scáth an téarma fostaíochta. Sainítear fostaíocht réigiúnach i gcomhréir leis na príonsabail a rialaíonn fostaíocht agus áit chónaithe don gheilleagar náisiúnta (féach mír 11.17).

Cúiteamh d'fhostaithe

- 13.42 Maidir le táirgeoirí, leithdháiltear cúiteamh d'fhostaithe ar na APGanna áitiúla ina bhfuil na daoine fostaíche. I gcás nach bhfuil teacht ar na mionsonraí sin, leithdháiltear cúiteamh d'fhostaithe, mar an dara modh is fearr, bunaithe ar uaireanta an chloig oibríche. Mura mbeidh ceachtar acu, cúiteamh d'fhostaithe ná uaireanta an chloig oibríche ar fáil, úsáidtear líon na bhfostaithe de réir APG áitiúil. Leithdháiltear cúiteamh d'fhostaithe i gcuntais na dteaghlach ar réigiúin de réir áite cónaithe.

Aistriú ó oll-bhreisluch réigiúnach go holltáirgeacht intíre réigiúnach

- 13.43 D'fhonn olltáirgeacht intíre (OTI) ag praghsanna margaidh a ríomh le haghaidh réigiúin, leithdháiltear cánacha agus fóirdheontais de réir réigiúin. De réir an ghnáis, leithdháiltear na cánacha for-réigiúnacha agus na fóirdheontais fhor-réigiúnacha sin ar bhonn mhéid choibhneasta an oll-bhreislucha de chuid na dtionscail uile sa réigiún arna luacháil ag na bunphraghsanna. Is féidir modhanna malartacha leithdháilte a chur i bhfeidhm de réir an cháis le haghaidh críoch ina bhfuil córais fhioscacha shonracha, agus is éard a bheidh mar thoradh air sin rátaí cánacha agus fóirdheontais ar tháirgí a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu laistigh de thír.

13.44 Is féidir figiúirí in aghaidh an áitritheora a ríomh le haghaidh OTI na réigiún uile. Ní ríomhtar na figiúirí sin le haghaidh aonad tomhais seachréigiúnach.

13.45 Is féidir olltáirgeacht intíre réigiúnach in aghaidh an áitritheora teacht faoi thionchar mór sreafaí comaitéirí idir réigiúin. Méadaítear táirgeacht thar an méid a bheadh á sholáthar ag an daonra cónaitheach gníomhach le hinsreabhadh glan comaitéirí sna réigiúin. Is cosúil go bhfuil OTI in aghaidh an áitritheora cuibheasach ard i réigiúin le hinsreabhadh glan comaitéirí agus cuibheasach íseal i réigiúin le heis-sreabhadh glan comaitéirí.

Rátaí fáis méideanna an oll-bhreisluaicha réigiúnaigh

13.46 Agus athruithe ar phraghsanna agus ar mhéideanna á dtomhas, beidh feidhm ag na príonsabail a chuirtear i bhfeidhm sa gheilleagair náisiúnta sna réigiúin freisin. Tá fadhbanna ann maidir le sonraí réigiúnacha, áfach, agus dá bhrí sin tagann deacrachtaí chun cinn le cur i bhfeidhm na bprionsabal sin i réigiúin. Is samplaí de na fadhbanna sin an méid seo a leanas:

- (a) is minic nach mbíonn faisnéis ar athruithe ar phraghsanna réigiúnacha ar fáil;
- (b) i gcás ina ndéantar meastachán díreach ar oll-bhreisluaich réigiúnach maidir le praghsanna reatha agus ní trí thomhaltas idirmheánach a asbhaint as aschur, ní féidir díbhóilsciú dúbailte a dhéanamh ar oll-bhreisluaich réigiúnach dá bharr;
- (c) in éagmais táblaí soláthair agus úsáide réigiúnacha, ní féidir athruithe ar phraghsanna agus athruithe ar mhéideanna a thomhas agus a mheas faoi chreat den sórt sin.

13.47 Dá bhrí sin, is cur chuige coiteann é oll-bhreisluaich réigiúnach a dhíbhóilsciú de réir tionscail ar bhonn athrú sna praghsanna náisiúnta de réir tionscail. Déantar é sin ar an leibhéal is mionsonraithe agus is féidir trína gcuirtear oll-bhreisluaich ag praghsanna reatha ar fáil. Déantar difríochtaí idir praghsanna náisiúnta agus praghsanna réigiúnacha de bharr difríochtaí i struchtúr eacnamaíoch de réir tionscail a chur san áireamh. Tá an réiteach sin leochaileach do dhifríochtaí móra in athruithe idir praghsanna náisiúnta agus praghsanna réigiúnacha. Seo thíos sampla de dhifríochtaí den sórt sin:

- (a) difríochtaí i strúchtúir na gcostas agus comhdhéanadh aschuir laistigh de thionscal amháin idir tháirgeoirí i réigiúin éagsúla. Is féidir éagsúlachtaí móra a bheith i gceist ó thaobh athruithe ar phraghsanna de i measc réigiún do thionscal amháin;
- (b) difríochtaí réigiúnacha in athruithe ar phraghsanna na n-ionchur mór, e.g. athruithe ar phraghas an tsaothair, ar phraghas na talún agus ar phraghas chun spás oifige a fháil ar cíos. Ciallaíonn comhaontuithe pá náisiúnta gan aon idirdhealú réigiúnach nach mbíonn ach miondifríochtaí réigiúnacha i gceist maidir le hathruithe ar rátaí pá.

13.48 Díbhóilscítear oll-bhreisluaich réigiúnach tríd an méid seo a leanas:

- (a) díbhóilscioirí réigiúnacha nuair a bhíonn teacht orthu agus nuair a bhíonn siad ar chaighdeán ard go leor, agus baintear úsáid as athruithe ar phraghsanna aschuir seachas athruithe ar phraghsanna ionchuir. I gcásanna áirithe, is féidir teacht ar dhíbhóilscioirí réigiúnacha go hindíreach trí fhaisnéis faoi athruithe ar luach agus faoi athruithe ar an méid a nascadh. I gcás ina n-úsáidtear praghsanna réigiúnacha (b'fhéidir i gcomhcheangal le díbhóilscioirí náisiúnta de réir tionscail), ríomhtar na rátaí fáis réigiúnacha i gcomhréir leis na rátaí fáis náisiúnta;
- (b) díbhóilsciú dúbailte nuair is féidir. Is iomchuí é sin go háirithe nuair a dhiallann athrú ar phraghas an tomhaltais idirmheánaigh ó athrú ar phraghas an aschuir agus i gcás ina bhfuil tomhaltas idirmheánach suntasach i gceist.

CUNTAIS RÉIGIÚNACHA IONCAIM NA DTEAGHLACH

13.49 Eascraíonn ítimí comhardaithe, eadhon ioncam príomha agus ioncam indiúscartha, as dáileadh agus athdháileadh ioncaim. Maidir le cuntais réigiúnacha, tá na haonaid tomhais ioncaim sin teoranta do theaghlaigh amháin.

13.50 Is leagan ar leibhéal réigiúnach de chuid na gcuntas comhfhreagrach ar an leibhéal náisiúnta atá i gcuntais réigiúnacha na dteaghlach. Ar chúiseanna tomhais bíonn na cuntais teoranta don méid seo a leanas:

- (a) cuntas leithdháilte ioncaim phríomha;
- (b) cuntas dáilte thánaistigh ioncaim.

Is éard a tháifeadtar sna cuntais sin ioncam príomha agus ioncam indiúscartha na dteaghlach sin atá cónaitheach i réigiún (féach Tábla 13.1).

Tábla 13.1 — Cuntais réigiúnacha ioncaim na dteaghlach

		Réigiún				Ceartúchán le haghaidh sreafaí réigiúnacha gan aon chontrapháirt náisiúnta	Iomlán náisiúnta
		a	b		Seach-réig.		
Leithdháileadh ioncaim phríomha							
<i>Acmhainní</i>	B.2/B.3 Glanbharrachas oibriúcháin/ioncam measctha						
	D.1 Cúiteamh d'fhostaithe						
	D.4 Ioncam ó mhaoin infhála					Lúide ioncam ó mhaoin idir-réigiúnach a bhaineann le B2/B3	
<i>Úsáidí</i>	D.4 Ioncam ó mhaoin iníoctha					Lúide ioncam ó mhaoin idir-réigiúnach a bhaineann le B2/B3	
	B.5. Ioncam príomha (ítim chomhardaith(e))						
Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim le haghaidh na dteaghlach							
<i>Acmhainní</i>	B.5 Ioncam príomha						
	D.62 Sochair shóisialta seachas sochair shóisialta chomhchineáil						
	D.7 Aistrithe reatha eile infhála						
<i>Úsáidí</i>	D.5 Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas etc.						
	D.61 Ranníocaíochtaí sóisialta						
	D.7 Aistrithe reatha eile iníoctha						
	B.6. Ioncam indiúscartha (ítim chomhardaith(e))						
	Faisnéis fhorlíontach						
	Daonra (líon na n-áitritheoirí)						
	Ioncam príomha in aghaidh an duine						
	Ioncam indiúscartha in aghaidh an duine						

- 13.51 Is ar na teaghlaigh atá cónaitheach i gcríoch réigiúnach atá cuntais réigiúnacha na dteaghlaigh bunaithe. Is ionann líon na ndaoine ar bail sna teaghlaigh chónaitheacha iad agus daonra cónaitheach iomlán an réigiúin.
- 13.52 Beidh feidhm ag na rialacha chun áit chónaithe na dteaghlaigh ar leibhéal náisiúnta a chinneadh maidir le cuntais réigiúnacha na dteaghlaigh freisin. Mar eisceacht, nuair a bhíonn an réigiún ósta suite i dtír chéanna an réigiúin chónaitheach, déileálfar le mic léinn agus le hothair fhadréimhseacha mar chónaitheach sa réigiún ósta, má fhanann siad ann níos faide ná aon bhliain amháin.
- 13.53 Is féidir cuntais na dteaghlaigh a shíneadh trí na cuntais ioncaim a úsáid. Ní foláir staidreamh cuntas náisiúnta ar an gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlaigh a leithdháileadh de réir réigiúin agus coigeartú a dhéanamh i ndáil le haon athrú i nglanchothromas teaghlaigh i gcúlchistí pinsin. Is coigilt réigiúnach na dteaghlaigh an ítim chomhardaithe.
- 13.54 Ní foláir faisnéis réigiúnach iontaofa, mar shampla, ó shuirbhé sinithe ar bhuiséad teaghlaigh maidir leis an gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlaigh a leithdháileadh de réir réigiúin. Is minic a bhíonn miondealú réigiúnach den sórt sin ar lár, áfach, agus sna cuntais náisiúnta is minic a dhéantar meastacháin ar an gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlaigh trí fhaisnéis eile a úsáid. Is deacair miondealú réigiúnach a chruthú sna imthosca sin.
- 13.55 Is féidir le rialtais ról tábhachtach a imirt i ndáil le soláthar oideachais, cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta do theaghlaigh trí haistrithe sóisialta comhchineáil. Bíonn mórdhifríochtaí ann idir ról na n-aistrithe sóisialta comhchineáil i dtíortha éagsúla agus is féidir luaineachtaí suntasacha a bheith iontu le himeacht ama. Ciallaíonn aistrithe sóisialta comhchineáil den sórt sin a leithdháileadh de réir réigiúin gur féidir teacht ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlaigh agus ar ioncam indiúscartha coigeartaithe na dteaghlaigh. I bhfianaise ról tábhachtach na n-aistrithe sóisialta comhchineáil i mBallstáit áirithe, má dhéantar comparáid idir tomhaltas críochnaitheach iarbhair agus ioncam indiúscartha iarbhair na dteaghlaigh thar na Ballstáit faightear pictiúr difriúil ó chomparáid a dhéanamh idir an caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlaigh agus ioncam indiúscartha na dteaghlaigh.
-

CAIBIDIL 14

SEIRBHÍSÍ IDIRGHABHÁLA AIRGEADAIS ARNA DTOMHAS GO HINDÍREACH (FISIM)

COINCHEAP FISIM AGUS AN TIONCHAR AR NA PRÍOMH-CHOMHIOMLÁIN AG LEITHDHÁILEADH FISIM AR ÚSÁIDEOIRÍ

- 14.01 Tá idirghabháil airgeadais ar cheann de na bealaí traidisiúnta ina gcuirtear seirbhísí airgeadais ar fáil. Is é sin an próiseas trína nglacann institiúid airgeadais, amháil banc, taiscí ó aonaid ar mhian leo ús a fháil ar chistí, agus trína dtugann sí ar iasacht iad ansin d'aonaid nach leor a gcistí féin chun a riachtanais a shásamh. Sa chaoi sin, cuireann an banc meicníocht ar fáil a cheadaíonn don chéad aonad iasacht a thabhairt don dara haonad. Glacann an t-aonad atá ag tabhairt na gcistí ar iasacht le ráta úis níos ísle ná an ráta a íocann an t-iasachtaí. Is é an “ráta tagartha” úis an ráta sin ag a mbeadh an t-iasachtóir agus an t-iasachtaí sásta margadh a dhéanamh. Muirear seirbhíse idirghabhála airgeadais arna tomhas go hindíreach (FISIM) is ea an difríocht idir an ráta tagartha agus an ráta iarbhrí a íoctar le taisceoirí agus a ghearrtar ar iasachtaithe. Is ionann FISIM iomlán agus suim an dá tháille intuigthe atá íoctha ag an iasachtaí agus ag an iasachtóir.
- 14.02 Is annamh a tharlaíonn sé, áfach, gurb ionann go cruinn suim na gcistí a thugann institiúid airgeadais ar iasacht agus an tsuim a chuirtear i dtaisce léi. D'fhéadfadh roinnt airgid a bheith curtha i dtaisce ach gan a bheith tugtha ar iasacht fós; d'fhéadfadh roinnt iasachtaí a bheith maoinithe ó chistí dílse an bhainc seachas ó chistí a fuarthas ar iasacht. Mar sin féin, faigheann taisceoir na gcistí an tsuim chéanna úis agus an tseirbhís idirghabhála chéanna bíodh a chistí tugtha ar iasacht nó ná bíodh, agus íocann an t-iasachtaí an ráta céanna úis agus faigheann sé an tseirbhís idirghabhála chéanna bíodh a chistí á soláthar trí bhíthin cistí idirghabhála nó ó chistí an bhainc féin. Ar an ábhar sin, déantar meastachán ar FISIM i gcás gach iasachta agus taisce atá á thairiscint ag institiúid airgeadais gan spleáchas d'fhoinse na gcistí. Déantar suimeanna úis arna dtaifeadadh a ríomh ar bhonn an ráta tagartha arna iolrú faoi leibhéal na hiasachta nó na taisce atá i gceist. Déantar an difríocht idir na suimeanna sin agus na suimeanna iarbhrí a fhaigheann an institiúid airgeadais nó a íocann an institiúid sin a thaifeadadh mar mhuirir seirbhíse indíreacha a íocann an t-iasachtaí nó an taisceoir leis an institiúid airgeadais. “Ús CCE” a thugtar ar na suimeanna sin a thaifeadtar mar ús sa chóras agus “ús bainc” a thugtar ar iomlán na suimeanna iarbhrí a íocann an institiúid airgeadais nó a íoctar léi. Is ionann an muirear seirbhíse intuigthe iomlán agus suim an úis bhainc ar na hiasachtaí lúide ús CCE ar na hiasachtaí céanna móide ús CCE ar thaiscí lúide an t-ús bainc ar na taiscí céanna.
- 14.03 Ní bhaineann FISIM ach leis na hiasachtaí agus leis na taiscí sin a chuireann institiúidí airgeadais ar fáil nó a chuirtear i dtaisce leo. Ní gá gur institiúidí cónaitheacha iad na hinstitiúidí airgeadais atá i gceist; agus ní gá gur cliaint chónaitheacha iad cliaint na hinstitiúidí airgeadais. Déantar FISIM a allmhairiú agus a onnmhairiú. Ní gá go gcuirfeadh an institiúid airgeadais seirbhísí ghlactha taisce chomh maith le hiasachtaí ar fáil. Mar shampla, cuireann focuicideachtaí airgeadais miondíoltóirí iasachtaí ar fáil gan taiscí a ghlacadh. Má bhíonn cuntais atá mionsonraithe a ndóthain ag iasachtóir chun gur féidir é a láimhseáil mar chorpáid nó mar shamhailchorparáid féadfaidh an t-iasachtóir sin FISIM a fháil.
- 14.04 Ní mór cúig chás a mheas chun scrúdú a dhéanamh ar thionchar leithdháileadh FISIM ar OTI agus ar ioncam náisiúnta, i gcomparáid le cásanna nuair nach leithdháiltear FISIM:
- (a) cuireann idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha iasachtaí ar fáil agus glacann siad le taiscí i gcomhair tomhaltais idirmheánaigh táirgeoirí margaidh (lena n-áirítear teaghlaigh i gcáil úinéirí gnóthas neamhchorpraithe agus teaghaisí):
- Déantar aschur FISIM na n-idirghabhálaithe airgeadais a fhrithchothromú le tomhaltas idirmheánach na dtáirgeoirí margaidh. Dá bhrí sin, ní bhíonn aon tionchar ar OTI ná ar ioncam náisiúnta i gceist;
- (b) cuireann idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha iasachtaí ar fáil agus glacann siad le taiscí i gcomhair tomhaltais idirmheánaigh táirgeoirí neamh-mhargaidh agus i gcomhair tomhaltais chríochnaithigh teaghlaich:
- Nuair a dhéanann táirgeoirí neamh-mhargaidh FISIM a thomhailt, mar thomhaltas idirmheánach, tagann méadú den tsuim chéanna ar aschur na dtáirgeoirí den sórt sin toisc gurb ionann tomhaltas idirmheánach agus cuid de shuim a gcostas agus toisc gur méadú é an sreabhadh contrapháirte ar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach. Dá bhrí sin, tagann méadú ar OTI agus ar ioncam náisiúnta a fhreagraíonn do shuim FISIM arna leithdháileadh.
- Lena chois sin, nuair a dhéanann teaghlaigh i gcáil tomhaltóirí deiridh FISIM a thomhailt, tagann méadú ar OTI agus ar ioncam náisiúnta a fhreagraíonn do shuim FISIM arna leithdháileadh;
- (c) cuireann idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha iasachtaí ar fáil d'idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha (onnmhairí FISIM) agus glacann siad taiscí uathu:
- Taifeadtar onnmhairí FISIM, rud a mhéadaíonn OTI. Ach ag aistriú ó OTI go hioncam náisiúnta, déantar an méadú sin a fhrithchothromú le laghdú ar ús infhála lúide an t-ús iníoctha leis an gcuid eile den domhan (ós rud é go n-asbhaintear FISIM ón ús infhála ar iasachtaí agus go suimítear é leis an ús iníoctha ar thaiscí). Dá bhrí sin, ní bhíonn tionchar ag onnmhairí FISIM ar ioncam náisiúnta;
- (d) cuireann idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha iasachtaí ar fáil agus glacann siad le taiscí i gcomhair tomhaltais idirmheánaigh táirgeoirí margaidh, lena n-áirítear teaghlaigh i gcáil úinéirí gnóthas neamhchorpraithe agus teaghaisí (allmhairí FISIM):

Tagann laghdú ar OTI a fhreagraíonn do shuim na catagóire sin d'allmhairí FISIM, ós rud é gurb ionann tomhaltas idirmheánach agus a gcontrapháirt. Ach san aistriú ó OTI go hioncam náisiúnta déantar an laghdú sin a fhrithchrothromú le méadú ar ús infhála lúide an t-ús iníoctha leis an gcuid eile den domhan (ós rud é go suimítear FISIM le hús infhála ar thaiscí agus go n-asbhaintear é ón ús iníoctha ar iasachtaí). Dá bhrí sin, níl tionchar ag an gcatagóir sin allmhairí ar ioncam náisiúnta;

- (e) cuireann idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha iasachtaí ar fáil agus glacann siad taiscí i gcomhair tomhaltas idirmheánaigh táirgeoirí neamh-mhargaidh agus i gcomhair tomhaltas chríochnaitheach teaghlach (allmhairí FISIM):

Comhfhreagraíonn allmhairí FISIM ag táirgeoirí neamh-mhargaidh do thomhaltas idirmheánach. Tagann méadú den tsuim chéanna ar aschur na dtáirgeoirí den sórt sin toisc gurb ionann tomhaltas idirmheánach agus cuid de shuim a gcostas agus toisc gur méadú é an sreabhadh contrapháirte ar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach. Nuair atá OTI á thomhas de réir chur chuige an táirgthe, freagraíonn an méadú ar thomhaltas críochnaitheach don mhéadú ar aschur, agus fágtar an breisluach gan athrú. Nuair atá OTI á thomhas ó thaobh caiteachais de, déantar an méadú ar thomhaltas críochnaitheach a neodrú leis an méadú ar allmhairí seirbhísí. Ach san aistriú ó OTI go hioncam náisiúnta tagann méadú ar an ús infhála lúide an t-ús iníoctha leis an gcuid eile den domhan (toisc go suimítear FISIM leis an ús infhála ar thaiscí agus go n-asbhaintear é ón ús iníoctha ar iasachtaí). Ar an ábhar sin, tagann méadú ar an ioncam náisiúnta a fhreagraíonn do shuim na catagóire seo d'allmhairí FISIM.

Lena chois sin, nuair a dhéanann teaghlach i gcáil tomhaltóirí deiridh FISIM a allmhairiú, ní bhíonn aon tionchar aige sin ar OTI agus méadaítear ioncam náisiúnta toisc go mbíonn méadú ar ús infhála lúide an t-ús iníoctha leis an gcuid eile den domhan.

De réir an ghnáis, ní dhéantar FISIM a ríomh i gcás iasachtaí agus taiscí idirbhainc a dhéantar idir idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha, ná idir idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha agus idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha. Ach úsáidtear iasachtaí agus taiscí idirbhainc chun rátaí tagartha a ríomh.

- 14.05 De thoradh na gcúig chás atá léirithe i mír 14.04, is féidir achoimre a thabhairt ar thionchar leithdháileadh FISIM ar OTI agus ar ioncam náisiúnta mar seo a leanas:

- (a) méadú ar OTI a fhreagraíonn do shuim FISIM a tháirgeann idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha agus a leithdháiltear ar na hearnálacha S.13 (an rialtas ginearálta), S.14 (teaghlach i gcáil tomhaltóirí), S.15 (INBFTanna) agus S.2 (an chuid eile den domhan);
- (b) laghdú ar OTI a fhreagraíonn do shuim FISIM allmhairithe a leithdháiltear ar S.11 (corparáidí neamhairgeadais), S.12 (corparáidí airgeadais) cé is moite de S.121 (an banc ceannais), S.122 (corparáidí glactha taisce seachas an banc ceannais) agus S.125 (idirghabhálaithe airgeadais eile, ach amháin corparáidí árachais agus cistí pinsin), agus S.14 (teaghlach i gcáil úinéirí teaghaisí agus úinéirí gnóthas neamhchorpraithe);
- (c) méadú ar an ioncam náisiúnta a fhreagraíonn do shuim FISIM (a tháirgeann idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha nó a allmhairítear) a leithdháiltear ar eárnálacha S.13 (an rialtas ginearálta), S.14 (teaghlach i gcáil tomhaltóirí) agus S.15 (INBFTanna).

ASCHUR FISIM A RÍOMH DE RÉIR EARNÁLACHA S.122 AGUS S.125

- 14.06 IGAnna (idirghabhálaithe airgeadais) a tháirgeann FISIM: an banc ceannais (S.121); corparáidí glactha taisce, ach amháin an banc ceannais (S.122); agus idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is móite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin (S.125).

Dírítear ríomhanna FISIM ar fho-earnálacha S.122 agus S.125; agus de réir an ghnáis ní ríomhtar FISIM i gcás an bhainc ceannais (féach Cuid VI).

Sonraí staidrimh atá riachtanach

- 14.07 I gcás an dá fho-earnáil S.122 agus S.125, bíonn sonraí ag teastáil i bhfoirm tábla de na stoic iasachtaí agus stoic taiscí arna n-aicmiú de réir eárnála úsáideoirí, agus meánaithe thar thréimhse ceithre ráithe, agus den ús fabhrach comhfhreagrach. Déantar an t-ús a ríomh tar éis fhóirdheontais an ráta úis a ath-leithdháileadh ar na faighteoirí.

Rátaí tagartha

- 14.08 I gclár chomhardaithe na n-idirghabhálaithe airgeadais a áirítear i bhfo-earnálacha S.122 agus S.125, déantar iasachtaí agus taiscí le haonaid chónaitheacha a mhiondealú chun taiscí agus iasachtaí a idirdhealú:

- ar iasachtaí agus taiscí idirbhainc iad (i.e. laistigh de na haonaid institiúideacha a chuireann FISIM ar fáil agus a áirítear i bhfo-earnálacha S.122 agus S.125),
- a dhéantar leis na hearnálacha úsáideoirí institiúideacha (S.11 — fo-earnálacha S.12 eile — S.13 — S.14 — S.15) (ach amháin leis na bainc ceannais).

Ina theannta sin, miondealaítear iasachtaí agus taiscí leis an gcuid eile den domhan (S.2) ina n-iasachtaí agus ina dtaiscí le hidirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha agus ina n-iasachtaí agus ina dtaiscí le neamhchónaitheacha eile.

Ráta tagartha inmheánach

- 14.09 Chun aschur FISIM na n-idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha a fháil de réir earnáil institiúideach na n-úsáideoirí cónaitheacha, déantar an ráta tagartha “inmheánach” a ríomh mar an cóimheas idir an t-ús infhála ar iasachtaí laistigh d’fho-earnálacha S.122 agus S.125 agus eatarthu agus stoic iasachtaí laistigh d’fho-earnálacha S.122 agus S.125 agus eatarthu mar seo a leanas:

$$\frac{\text{ús infhála i leith iasachtaí laistigh d’fho} - \text{earnálacha S.122 agus S.125 agus eatarthu}}{\text{staic iasachtaí laistigh d’fho} - \text{earnálacha S.122 agus S.125 agus eatarthu}}$$

Go teoiriciúil, is ionann an ráta tagartha inmheánach nuair a úsáidtear sonraí faoi thaiscí seachas sonraí faoi iasachtaí. Beidh an meastachán a dhéantar bunaithe ar shonraí na dtaiscí éagsúil leis an meastachán a dhéantar bunaithe ar shonraí na n-iasachtaí de bharr neamhréireachtaí sna sonraí.

I gcás ina mbíonn sonraí na dtaiscí níos iontaofa, ba cheart an ráta tagartha inmheánach a ríomh ar thaiscí idirbhainc de réir an chóimheasa seo a leanas:

$$\frac{\text{ús iníoctha i leith taiscí laistigh d’fho} - \text{earnálacha S.122 agus S.125 agus eatarthu}}{\text{staic taiscí laistigh d’fho} - \text{earnálacha S.122 agus S.125 agus eatarthu}}$$

Más rud é go bhfuil na sonraí faoi iasachtaí agus na sonraí faoi thaiscí chomh hiontaofa lena chéile, ba cheart an ráta tagartha inmheánach a ríomh bunaithe ar iasachtaí agus taiscí idirbhainc de réir an chóimheasa idir ús infhála ar iasachtaí tabhaithe móide ús iníoctha i leith taiscí i seilbh roinnt idirghabhálaithe airgeadais, agus stoc na n-iasachtaí móide stoc na dtaiscí i seilbh idirghabhálaithe airgeadais thar ceann idirghabhálaithe airgeadais eile.

Sna cásanna sin ina gcuireann idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha, thar ceann a gcustaiméirí cónaitheacha, iasachtaí ar fáil agus ina nglacann siad taiscí, arna lua in airgeadraí eachtracha, ní mór níos mó ná ráta tagartha inmheánach amháin a ríomh de réir airgeadra nó de réir grúpa airgeadraí dá mba rud é go gcuirfeadh sé sin feabhas suntasach ar na meastacháin. Chuige sin, níor mhór ríomh na rátaí tagartha “inmheánacha” agus iasachtaí agus taiscí ó idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha a dheighilt de réir airgeadra nó de réir grúpa airgeadraí i leith gach earnála úsáideoirí cónaitheacha.

Rátaí tagartha seachtracha

- 14.10 Is éard a úsáidtear mar ráta tagartha chun allmhairí agus onnmhairí FISIM a chinneadh an meánráta idirbhainc arna ualú ag leibhéal na stoc faoi na ceannteidil “iasachtaí idir idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha ar thaobh amháin, agus idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha ar an taobh eile” agus “taiscí idir idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha ar thaobh amháin agus idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha ar an taobh eile”, atá san áireamh i gclár comhardaithe na n-idirghabhálaithe airgeadais. Dá bhrí sin, déantar an ráta tagartha seachtrach a ríomh mar an cóimheas idir an t-ús ar iasachtaí móide ús ar thaiscí idir idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha agus idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha, agus stoc na n-iasachtaí móide stoc na dtaiscí idir idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha agus idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha.

Ní mór roinnt rátaí tagartha seachtracha éagsúla a ríomh i gcomhair na n-airgeadraí nó na ngrúpaí airgeadraí éagsúla, má tá na sonraí ar fáil i gcomhair gach airgeadra nó grúpa airgeadraí i gcás na gcatagóirí seo a leanas, agus dá gcuirfeadh sé sin feabhas suntasach ar na meastacháin:

(a) iasachtaí agus taiscí ó idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha i leith gach earnála úsáideoirí;

(b) iasachtaí agus taiscí ó idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha i leith úsáideoirí neamhchónaitheacha.

Miondealú mionsonraithe ar FISIM de réir earnála institiúidí

- 14.11 De réir an ghnáis, ní gá FISIM idirbhainc a ríomh idir idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha, ná idir idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha agus idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha. Déantar FISIM a ríomh i leith earnálacha institiúideacha úsáideoirí neamhbhainc amháin.

I gcás gach earnála institiúidí nach idirghabhálaí airgeadais í, tá gá le sonraí de réir an tábla iasachtaí agus taiscí a leanas arna ndéonú ag na hidirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha:

	Staic	Ús infhála ag idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha	Staic	Ús iníoctha ag idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha
Iasachtaí arna ndéonú ag idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha (S.122 agus S.125)			Taiscí le hidirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha (S.122 agus S.125)	

Ríomhtar FISIM iomlán de réir earnála institiúidí mar shuim FISIM ar iasachtaí arna ndeonú don earnáil institiúideach agus FISIM ar thaiscí na hearnála institiúidí.

Déantar FISIM ar iasachtaí a thugtar don earnáil institiúideach a mheas mar ús infhála ar iasachtaí lúide (stoic iasachtaí arna n-iolrú faoin ráta tagartha inmheánach).

Déantar FISIM ar thaiscí na hearnála institiúidí a mheas mar (stoic iasachtaí arna n-iolrú faoin ráta tagartha inmheánach) lúide ús iníoctha i leith taiscí.

Déantar cuid den aschur a onnmhairiú; cruthaítear an tábla seo a leanas ar bhonn chlár comhardaithe na n-idirghabhálaithe airgeadais:

	Stoic	Ús infhála ag idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha		Stoic	Ús iníoctha ag idirghabhálaithe airgeadais cónaitheacha
Iasachtaí do neamhchónaitheigh neamhbhainc			Taiscí le neamhchónaitheigh neamhbhainc		

Déantar onnmhairí FISIM a mheas trí ráta tagartha seachtrach idirbhainc a úsáid, i gcomhair iasachtaí (gan idirghabhálaithe airgeadais san áireamh) arna ndeonú do neamhchónaitheigh mar ús infhála lúide (stoc iasachtaí arna iolrú faoin ráta tagartha seachtrach).

Déantar onnmhairí FISIM ar thaiscí neamhchónaitheach (gan idirghabhálaithe airgeadais san áireamh) a mheas mar (stoc taiscí arna n-iolrú faoin ráta tagartha seachtrach) lúide an t-ús iníoctha.

Sa chás ina n-úsáidtear roinnt rátaí tagartha i gcomhair airgeadraí nó grúpaí airgeadraí éagsúla, déantar na hiasachtaí agus na taiscí a dheighilt de réir earnáil institiúideach na n-úsáideoirí agus de réir airgeadra (nó grúpaí airgeadraí) ina n-ainmnítear iad.

FISIM arna leithdháileadh ar theaghlaigh a mhiondealú i dtomhaltas idirmheánach agus i dtomhaltas críochnaitheach

14.12 Déantar FISIM atá inchurtha i leith teaghlach a mhiondealú sna catagóirí seo a leanas:

- (a) tomhaltas idirmheánach teaghlach ina gcáil mar úinéirí teaghaisí;
- (b) tomhaltas idirmheánach teaghlach ina gcáil mar úinéirí gnóthas neamhchorpraithe; agus
- (c) tomhaltas críochnaitheach teaghlach.

Nuair atá an modh meastacháin á úsáid ní mór na hiasachtaí do theaghlaigh (stoic agus ús) a mhiondealú sna catagóirí comhfhreagracha seo a leanas:

- (i) iasachtaí teaghaisí;
- (ii) iasachtaí do theaghlaigh i gcáil úinéirí gnóthas neamhchorpraithe; agus
- (iii) iasachtaí eile do theaghlaigh.

Déantar iasachtaí do theaghlaigh i gcáil úinéirí gnóthas neamhchorpraithe agus iasachtaí teaghaisí a thaispeáint ar leithligh sna miondealuithe éagsúla a dhéantar ar iasachtú sna staitisticí airgeadais agus airgeadaíochta. Faightear na hiasachtaí eile do theaghlaigh mar ítim iarmharach, tríd an dá chatagóir iasachtaí thuasluaite a asbhaint ón iomlán. Ba cheart FISIM i leith iasachtaí do theaghlaigh a dháileadh ar na trí chatagóir ar bhonn na faisnéise faoi na stoic agus faoin ús maidir le gach ceann de na trí ghrúpa. Ní hionann iasachtaí teaghaisí agus iasachtaí morgáistí toisc gur féidir cuspóirí eile a bheith i geist le hiasachtaí morgáistí.

Déantar taiscí teaghlach a mhiondealú in:

- (1) taiscí teaghlach i gcáil úinéirí gnóthas neamhchorpraithe; agus
- (2) taiscí teaghlach i gcáil tomhaltóirí.

Más rud é nach bhfuil staitisticí ar fáil faoi thaiscí teaghlach i gcáil úinéirí gnóthas neamhchorpraithe, déantar stoic taiscí a ríomh ar cheann amháin de na modhanna seo a leanas:

Modh 1

Déantar stoic taiscí a ríomh trí ghlacadh leis gurb ionann an cóimheas idir stoic taiscí agus breisluach breathnaithe i gcás na gcorparáidí is lú agus cóimheas na ngnóthas neamhchorpraithe.

Modh 2

Déantar stoic taiscí a ríomh trí ghlacadh leis gurb ionann an cóimheas idir stoic taiscí agus an láimhdeachas breathnaithe i gcás na gcorparáidí is lú agus cóimheas na ngnóthas neamhchorpraithe.

Ní mór FISIM i leith taiscí teaghlach a roinnt idir FISIM i leith taiscí teaghlach i gcáil úinéirí gnóthas neamhchorpraithe agus FISIM i leith taiscí teaghlach i gcáil tomhaltóirí ar bhonn mheánstoic an dá chatagóir sin, ar féidir an ráta céanna úis a úsáid maidir leo i gcás nach bhfuil a thuilleadh faisnéise ar fáil.

Mar mhalairt air sin, nuair nach bhfuil faisnéis mhionsonraithe ann faoi iasachtaí ná faoi thaiscí teaghlach, déantar FISIM teaghlach a leithdháileadh ar thomhaltas idirmheánach agus tomhaltas críochnaitheach ag glacadh leis go bhfuil na hiasachtaí ar fad inchurtha i leith teaghlach i gcáil táirgeoirí nó i gcáil úinéirí teaghaisí agus go bhfuil na taiscí go léir inchurtha i leith teaghlach i gcáil tomhaltóirí.

ALLMHAIRÍ DE CHUID FISIM A RÍOMH

14.13 Tugann idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha iasachtaí do chónaitheigh agus faigheann siad taiscí ó chónaitheigh freisin. Tá sonraí de réir an tábla seo a leanas riachtanach i gcomhair gach earnála institiúidí.

	Stoic	Ús infhála ag idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha agus iníoctha ag úsáideoirí cónaitheacha	Stoic	Ús iníoctha ag idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha agus infhála ag úsáideoirí cónaitheacha
Iasachtaí arna ndeonú ag idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha			Taiscí le hidirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha	

Déantar allmhairí FISIM i gcomhair gach earnála institiúidí a ríomh mar seo a leanas:

Déantar allmhairí FISIM i leith iasachtaí a mheas mar an t-ús infhála ag idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha lúide (stoic iasachtaí arna n-iolrú faoin ráta tagartha seachtrach).

Déantar allmhairí FISIM i leith taiscí a mheas mar (stoic taiscí arna n-iolrú faoin ráta tagartha seachtrach) lúide an t-ús iníoctha ag idirghabhálaithe airgeadais neamhchónaitheacha.

Moltar go n-úsáidfear níos mó ná ráta tagartha seachtrach amháin de réir airgeadra nó grúpa airgeadraí (féach mír 14.10).

FISIM I dTÉARMAÍ MÉIDEANNA

14.14 Chun meastacháin FISIM de réir méid a ríomh, úsáidtear stoic iasachtaí agus stoic taiscí díbhóilscithe chun praghsanna buntréimhse a fháil. Chuipe sin, úsáidtear innéacs ginearálta praghsanna ar nós an díbhóilsciora praghsanna intuigthe i gcomhair éilimh chríochnaitheigh intíre.

Baineann dhá chuid leis an bpraghas ar FISIM: is é an chéad chuid an difríocht idir ráta úis an bhainc agus an ráta tagartha (agus a mhalairt i gcás taiscí) a léiríonn an éarlais a thuilleann an t-idirghabhálaí airgeadais; is é an dara cuid an t-innéacs praghsanna a úsáidtear chun stoic iasachtaí agus stoic taiscí a dhíbhoilsciú chun praghsanna buntréimhse a fháil.

Déantar FISIM i dtéarmaí méideanna a ríomh mar seo a leanas:

$$\text{FISIM de réir méid i leith iasachtaí arna ndeonú don earnáil institiúideach} = \frac{\text{FISIM i leith iasachtaí arna ndeonú don earnáil institiúideach}}{\text{innéacs praghsanna}} \times \frac{\text{éarlais bhuntréimhse}}{\text{éarlais éifeachtach}}$$

$$\text{FISIM de réir méid i leith thaiscí na hearnála institiúidí} = \frac{\text{FISIM i leith taiscí na hearnála institiúidí}}{\text{innéacs praghsanna}} \times \frac{\text{éarlais bhuntréimhse}}{\text{éarlais éifeachtach}}$$

Tá éarlais bhuntréimhse ar iasachtaí cothrom leis an ráta éifeachtach úis ar iasachtaí lúide an ráta tagartha.

Tá éarlais bhuntréimhse ar thaiscí cothrom leis an ráta tagartha lúide an ráta éifeachtach úis ar thaiscí.

Is féidir a rá i dtéarmaí ainmniúla go bhfuil an éarlais éifeachtach cothrom leis an gcóimheas idir FISIM agus stoic, agus má chuirtear an chothromóid sin in ionad éarlaise éifeachtaí sa dá fhoirmle thuas is mar seo a leanas a bheidh an tábla:

$$\text{FISIM de réir méid i leith iasachtaí arna ndeonú don earnáil institiúideach} = \frac{\text{stoic iasachtaí arna ndeonú don earnáil institiúideach}}{\text{innéacs praghsanna}} \times \text{éarlais bhuntréimhse}$$

$$\text{FISIM de réir méid i leith thaiscí na hearnála institiúidí} = \frac{\text{stoic taiscí na hearnála institiúidí}}{\text{innéacs praghsanna}} \times \text{éarlais bhuntréimhse}$$

FISIM A RÍOMH DE RÉIR TIONSCAIL

14.15 Is ar stoic iasachtaí agus stoic taiscí gach tionscail a dhéantar leithdháileadh FISIM ar thionscail úsáideoirí a ríomh agus, mura mbíonn an fhaisnéis sin iontaofa, bunaítear é ar aschur gach tionscail díobh.

ASCHUR AN BHAINC CHEANNAIS

14.16 Déantar aschur an bhainc cheannais a ríomh, de réir an ghnáis, mar shuim na gcostas, i.e. a thomhaltas idirmheánach, cúiteamh d'fhostaithe, ídiú an chaipitil sheasta agus cánacha eile lúide fóirdheontais ar tháirgeadh. Ní gá FISIM a ríomh i gcás an bhainc cheannais.

Ba cheart coimisiúin agus táillí i gcomhair seirbhísí a thomhaistear go díreach agus atá sonrasctha ag an mbanc ceannais i leith aonad cónaitheach agus neamhchónaitheach araon a leithdháileadh ar na haonaid sin.

Ní gá ach an chuid sin d'aschur iomlán an bhainc cheannais (suim na gcostas lúide coimisiúin agus táillí) nach ndíoltar, a leithdháileadh de réir an ghnáis, ar thomhaltas idirmheánach na IGAnna eile: fo-earnálacha S.122 (corparáidí glactha taisce, ach amháin an banc ceannais agus S.125 (idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin) — i gcomhréir le breisluach na bhfo-earnálacha sin faoi seach.

D'fhonn cuntais fho-earnálacha S.122 agus S.125 a chothromú, déantar suim a dtomhaltais idirmheánaigh faoi seach ar na seirbhísí a sholáthraíonn an banc ceannais a fhrithchothromú le haistriú reatha (aicmithe faoi D.759, "aistrithe reatha ilghnéitheacha eile") faighte ón mbanc ceannais i gcomhair na suime céanna.

CAIBIDIL 15

CONARTHAÍ, LÉASANNA AGUS CEADÚNAIS

RÉAMHRÁ

- 15.01 Is éard is conarthaí ann comhaontuithe ar na téarmaí faoina soláthraítear earraí, seirbhísí agus sócmhainní don chustaiméir. Conarthaí atá in ionannas le díolacháin dhíreacha earraí, seirbhísí nó sócmhainní, socraíonn siad luach agus am taifeadta an idirbhirt; is é sin le rá an t-athrú úinéireachta i gcás earraí. Léirítear an difríocht idir am na híocaíochta agus am an taifeadta in iontrálacha a thaifeadtar mar chuntais eile infhála nó iníochta sa chuntas airgeadais.
- 15.02 Is conarthaí iad léasanna, ceadúnais agus ceadanna, lena gcinntear aicmiú na n-íocaíochtaí agus úinéireacht eacnamaíoch na sócmhainní; cineál faoi leith sócmhainne neamhairgeadais is ea cuid de na conarthaí.
- 15.03 Sa Chaibidil seo, déantar an plé ar thaifeadadh grúpaí éagsúla comhaontuithe casta agus taifeadadh na sreafaí agus na stoc is bun leo a roinnt i seacht gcuid:
- (a) idirdhealú idir léasanna oibriúcháin, léasanna acmhainne agus léasanna airgeadais;
 - (b) ceadanna chun acmhainn nádúrtha a úsáid;
 - (c) ceadanna chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh;
 - (d) comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí;
 - (e) conarthaí lamháltais seirbhíse;
 - (f) léasanna oibriúcháin indíolta;
 - (g) teidlíochtaí i leith earraí agus seirbhísí todhchaí ar bhonn eisiach.

IDIRDHEALÚ IDIR LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN, LÉASANNA ACMHAINNE AGUS LÉASANNA AIRGEADAIS

15.04 Déantar idirdhealú idir trí chineál léasanna sócmhainní neamhairgeadais (féach Tábla 15.1):

- (a) léas oibriúcháin;
- (b) léas acmhainne;
- (c) léas airgeadais.

Baineann gach ceann de na léasanna sin le sócmhainn neamhairgeadais a úsáid:

- maidir le léasanna oibriúcháin agus léasanna acmhainne, ní athraítear an úinéireacht eacnamaíoch agus fanann an t-úinéir dlíthiúil ina úinéir eacnamaíoch. Is i gcomhair acmhainní nádúrtha, e.g. talamh agus speictrim raidió, a úsáidtear léasanna acmhainne. Úsáidtear léasanna oibriúcháin do gach cineál eile sócmhainne neamhairgeadais,
- i gcás léasanna airgeadais, athraítear úinéireacht eacnamaíoch na sócmhainne agus ní mheastar gur úinéir eacnamaíoch é úinéir dlíthiúil na sócmhainne. Féadfaidh baint a bheith ag léasanna airgeadais le gach cineál sócmhainne neamhairgeadais, agus i gcásanna áirithe le hacmhainní nádúrtha freisin.

15.05 Bíonn gach eintiteas, bíodh sé ina earra, ina sheirbhís, ina acmhainn nádúrtha, ina shócmhainn airgeadais nó ina dhliteanas airgeadais, faoi úinéireacht dlíthiúil agus faoi úinéireacht eacnamaíoch araon. I roinnt mhaith cásanna, is ionann an t-úinéir eacnamaíoch agus an t-úinéir dlíthiúil. Nuair nach ionann iad, tá tugtha ag an úinéir dlíthiúil don úinéir eacnamaíoch freagracht as an riosca a ghabhann leis an eintiteas a úsáid i ngníomhaíocht eacnamaíoch, chomh maith leis na sochair a ghabhann leis. Ina chomaoin sin, glacann an t-úinéir dlíthiúil íocaíochtaí ón úinéir eacnamaíoch i leith pacáiste eile rioscaí agus sochar.

Tábla 15.1 — Trí chineál éagsúla léasanna a thaifeadadh

Cineál léasa	Modh taifeadta don úsáideoir
Léas oibriúcháin (seachas acmhainní nádúrtha)	Ní hé an t-úsáideoir úinéir eacnamaíoch na sócmhainne neamhairgeadais. Taifeadtar na cíosanna mar íocaíochtaí i leith seirbhíse, tomhaltais idirmheánaigh nó caiteachais ar thomhaltas críochnaitheach ag an rialtas ginearálta, ag teaghlaigh agus ag INBFTanna.
Léas acmhainne (acmhainní nádúrtha amháin)	Ní hé an t-úsáideoir úinéir eacnamaíoch na hacmhainne nádúrtha. Is ionann na híocaíochtaí agus cíosanna (ioncam ó mhaoín).
Léas airgeadais	Is é an t-úsáideoir úinéir eacnamaíoch sócmhainne neamhairgeadais, arna maoiniú trí iasacht ón léasóir. Is ionann na híocaíochtaí, den chuid is mó, agus aisíoc príomhshuime agus íocaíochtaí úis ar an iasacht. Is féidir roinnt de na híocaíochtaí úis a thaifeadadh mar FISIM nuair is idirghabhálaí airgeadais an t-iasachtóir. Taifeadtar an íocaíocht sin mar thomhaltas idirmheánach nó mar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach ag an rialtas ginearálta, ag teaghlaigh agus ag INBFTanna.

Tábla 15.2 — Trí chineál éagsúla léasanna a thaifeadadh, de réir cineáil idirbhirt

Cineál idirbhirt	Cineál úsáide agus an tsócmhainn lena mbaineann
Tomhaltas idirmheánach	Léas oibriúcháin ar shócmhainní táirgthe, e.g. innill agus cearta maoinne intleachtúla Seirbhísí FISIM a bhaineann le léas airgeadais
Ídiú an chaipitil sheasta	Maidir le sócmhainní táirgthe amháin, agus maidir leis an úinéir eacnamaíoch amháin
Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach	Léas oibriúcháin ar earraí marthanacha tomhaltais Ceannach earraí marthanacha tomhaltais (lena n-áirítear ceannacháin arna maoiniú trí léas airgeadais nó trí chomhaontú fruilcheannaigh) Seirbhísí FISIM a bhaineann le léas airgeadais ag tomhaltóirí deiridh
Ceannach sócmhainní neamhairgeadais	
Foirmiú caipitil sheasta	Ceannach sócmhainní táirgthe (lena n-áirítear ceannacháin arna maoiniú trí léas airgeadais)
Éadálacha acmhainní nádúrtha	Ceannach acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear ceart úsáide go dtí go mbeidh siad ídithe
Éadálacha sócmhainní neamhtháirgthe eile	Ceannach cirt chun acmhainn nádúrtha a úsáid ar feadh tréimhse sínithe, e.g. cuóta iascaireachta
Íocaíochtaí i leith ioncaim ó mhaoín	
Cíos	Léas acmhainne, i.e. íocaíocht i leith acmhainn nádúrtha a úsáid
Ús	Léas airgeadais, i.e. ceannach sócmhainne neamhairgeadais arna mhaoiniú trí iasacht ag an am céanna
Idirbheart airgeadais: iasacht	Léas airgeadais, i.e. ceannach sócmhainne neamhairgeadais arna mhaoiniú trí iasacht ag an am céanna

15.06 *Sainmhíniú:* is ionann úinéir eacnamaíoch eintiteas, amhail earra agus seirbhís, acmhainn nádúrtha, sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais, agus an t-aonad institiúideach atá i dteideal éileamh a dhéanamh ar na sochair a ghabhann leis an a úsáid le linn gníomhaíochta eacnamaíche de bhua go nglacann sé leis na rioscaí a ghabhann leis.

15.07 *Sainmhíniú:* is ionann úinéir dlíthiúil eintiteas, amhail earra agus seirbhís, acmhainn nádúrtha, sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais, agus an t-aonad atá i dteideal faoin dlí agus inmharthanach faoin dlí éileamh a dhéanamh ar na sochair a ghabhann leis na heintitis.

Léasanna oibriúcháin

- 15.08 *Sainmhíniú:* is éard is léas oibriúcháin ann léas inarb é an t-úinéir dlíthiúil an t-úinéir eacnamaíoch agus ina nglacann sé leis na rioscaí oibriúcháin agus leis na sochair eacnamaíocha a ghabhann leis an tsócmhainn trí íocaíocht a éileamh i leith an tsócmhainn sin a úsáid i ngníomhaíocht táirgthe.
- 15.09 Sainghné a bhaineann le léas oibriúcháin is ea gurb é an t-úinéir dlíthiúil atá freagrach as an tsócmhainn a dheisiú agus a chothabháil.
- 15.10 Faoi léas oibriúcháin, fanann an tsócmhainn ar chlár comhardaithe an léasóra.
- 15.11 Gairtear cíosa na ar na híocaíochtaí i leith sócmhainní táirgthe faoi léas oibriúcháin agus taifeadtar iad mar íocaíochtaí i leith seirbhíse (féach Tábla 15.2). Is tríd an mbaint a bhíonn acu le trealamh is fearr is féidir cur síos ar léas oibriúcháin, mar is minic a bhaineann léasanna oibriúcháin le feithiclí, le craenacha, le druilírí, etc. Mar sin féin, d'fhéadfadh cineál ar bith sócmhainne neamhairgeadais a bheith faoi réir léasa oibriúcháin. Bíonn níos mó ná soláthar na sócmhainne i gceist leis an tseirbhís a sholáthraíonn an léasóir. Áirítear gnéithe eile léi, ar nós áise agus slándála. Maidir le trealamh, is gnách go gcoinníonn an léasóir, nó úinéir an trealaimh, stoc trealaimh atá in ord ceart oibre agus ar féidir é a fhrúiliú ar éileamh nó ar ghearrfhógra. De ghnáth, ní mór don léasóir a bheith ina speisialtóir ar an trealamh a oibriú. Tá tábhacht ag baint leis sin má tá trealamh an-chasta, ar nós ríomhairí, i gceist, nuair a d'fhéadfadh sé nach mbeadh an saineolas ná na saoráidí ag an léasaí chun an trealamh a sheirbhísiú go cuí. Féadfaidh an léasóir é a shocrú freisin an trealamh a athsholáthar i gcás mhórchliseadh nó chliseadh fadtréimhseach an trealaimh. Maidir le foirgneamh, tá an léasóir freagrach as sláine struchtúrach an fhoirgnimh agus as athsholáthar an fhoirgnimh i gcás damáiste de dheasca tubaiste nádúrtha, mar shampla, agus is iondúil gurb é atá freagrach as a áirithiú go n-oibríonn ardaitheoirí, córais téimh agus córais aerála go leormhaidh.
- 15.12 Forbraíodh léasú oibriúcháin den chéad uair le riachtanais úsáideoirí áirithe a shásamh, úsáideoirí a dteastaíonn cineálacha áirithe trealaimh uathu go tráthrialta. Is minic gur léasanna gearrthréimhse iad léasanna oibriúcháin, cé gur féidir leis an léasaí an léas a athnuachan tar éis don tréimhse imeacht in éag agus cé gur féidir leis an úsáideoir céanna an píosa céanna trealaimh a úsáid roinnt uaireanta. Mar sin féin, toisc go mbíonn innealra ag éirí níos casta i gcónaí, go háirithe i réimse na leictreonaice, is fachtóirí tábhachtacha iad na saoráidí seirbhíse agus cúlta a chuireann an léasóir ar fáil, fachtóirí a d'fhéadfadh cur ina luí ar dhuine léasú seachas ceannach a dhéanamh. Fachtóirí eile a d'fhéadfadh cur ina luí ar úsáideoir trealamh a léasú thar thréimhse fhada seachas é a cheannach is ea an tionchar a d'imreofaí ar chlár comhardaithe, ar shreabhadh airgid nó ar dhliteanas cánach an ghnóthais.

Léasanna airgeadais

- 15.13 *Sainmhíniú:* is éard is léas airgeadais ann léas inarb é an léasóir úinéir dlíthiúil na sócmhainne ach inarb é an léasaí an t-úinéir eacnamaíoch toisc gur air siúd atá na rioscaí oibriúcháin agus gurb eisean a fhaigheann na sochair eacnamaíocha a ghabhann leis an tsócmhainn a úsáid i ngníomhaíocht táirgthe. Ina chomaoin sin, glacann an léasóir pacáiste eile rioscaí agus sochar ón léasaí, i bhfoirm aisíocaíochtaí a bhaineann leis an iasacht. Is minic a tharlaíonn sé nach nglacann an léasóir, cé gurb é úinéir dlíthiúil na sócmhainne é, le seachadadh fisiciúil na sócmhainne ach go gceadaíonn sé í a sheachadadh díreach chuig an léasaí. Sainghné a bhaineann le léas airgeadais is ea gurb é an t-úinéir eacnamaíoch atá freagrach as an tsócmhainn a dheisiú agus a chothabháil nuair is gá.
- 15.14 Faoi léas airgeadais, taispeántar an t-úinéir dlíthiúil i gcáil eisisheora a eisióinn iasacht don léasaí, agus úsáideann an léasaí an iasacht chun an tsócmhainn a fháil mar éadail. Ina dhiaidh sin, taispeántar an tsócmhainn ar chlár comhardaithe an léasaí seachas ar chlár comhardaithe an léasóra; taispeántar an iasacht chomhfheagrach mar shócmhainn de chuid an léasóra agus mar dhliteanas de chuid an léasaí. Ní láimhseáiltear íocaíochtaí faoi léas airgeadais mar chíosanna ach mar íocaíochtaí úis agus mar aisíocaíochtaí i leith phríomhshuim na hiasachta barúlaí. Más idirghabhálaí airgeadais atá sa léasóir, láimhseáiltear cuid den íocaíocht mar mhuirear seirbhíse freisin (FISIM).
- 15.15 Is minic is éagsúil an cineál sócmhainne atá faoi réir léasa airgeadais leis na sócmhainní a úsáideann an léasaí ina ghníomhaíocht táirgthe, mar shampla aerlinéar tráchtála atá faoi úinéireacht dhlíthiúil ag banc ach atá ar léas ag aerlíne. Maidir leis an ngné eacnamaíoch de, ní bheadh aon chiall leis aerárthach nó an t-ídiú a dhéanann sé ar chaipiteal seasta a thaifeadadh i gcuntais an bhainc ná iad a fhágáil ar lár i gcuntais na haerlíne. Is bealach é an léas airgeadais chun taifeadadh úinéireacht an aerárthaigh agus taifeadadh an laghdaithe ar a luach a sheachaint agus, ag an am céanna, glanfhíúchas an dá pháirtí a choimeád ceart le linn thréimhse iomlán an léasa.
- 15.16 Is coitianta é gurb ionann tréimhse léasa airgeadais agus saolré eacnamaíoch iomlán na sócmhainne. Nuair a tharlaíonn sin, freagraíonn luach na hiasachta barúlaí do luach reatha na n-íocaíochtaí atá le déanamh faoin gconradh léasa. Cuimseoidh an luach sin costas na sócmhainne agus, de ghnáth, áireofar ann táille arna muirearú ag an léasóir, táille a fhabhraítear thar thréimhse an léasa. Is féidir íocaíochtaí a dhéantar go rialta leis an léasóir a thaifeadadh mar cheithre chuid: íocaíochtaí úis, aisíocaíochtaí i leith príomhshuim na hiasachta barúlaí, táille an léasóra, agus FISIM (más idirghabhálaí airgeadais an léasóir). Mura sonraítear i dtéarmaí an chonartha an chaoi a saináithnítear na chéad trí ítim díobh, ba cheart go bhfreagróidh aisíoc na príomhshuime don laghdú ar luach na sócmhainne (ídiú an chaipitil sheasta), ní mór go bhfreagróidh an t-ús iníoctha don toradh ar chaipiteal ar an tsócmhainn, agus an muirear seirbhíse don difríocht idir an tsuim iomlán iníoctha agus an dá ítim sin.

15.17 Is féidir le léas airgeadais a bheith ann freisin nuair is giorra tréimhse an léasa ná saolré eacnamaíoch na sócmhainne. Sa chás sin freisin, cumhdaíonn luach na hiasachta barúláí an costas ar an tsócmhainn agus an táille arna muirearú ag an léasóir móide luach na muirear seirbhíse atá le déanamh faoi théarmaí an léasa. Déanfar íocaíochtaí a dhéantar go rialta leis an léasóir a thairgeadh mar íocaíochtaí úis agus aisíocaíochtaí i leith phríomhshuim na hiasachta barúláí, táille an léasóra, agus i leith FISIM (más idirghabhálaí airgeadais an léasóir). D'fhéadfaí réamhíocaíochtaí lena maoinítear athcheannach na sócmhainne ag deireadh thréimhse an léasa a áireamh ann freisin. Ag deireadh an léasa, d'fhéadfaí an tsócmhainn a aistriú go dtí clár comhardaithe an léasaí, ag brath ar shocruithe an chonartha. Beidh luach na n-iarmharmhéideanna amuigh ar an iasacht cothrom le margadhluach ionchais na sócmhainne ag deireadh thréimhse an léasa faoi mar a socraíodh ag tús an léasa é. Ag an bpointe sin, d'fhéadfaí an tsócmhainn a thabhairt ar ais don léasóir, d'fhéadfadh an léasaí leas a bhaint as rogha chun an tsócmhainn a fháil go dleathach, nó d'fhéadfaí comhaontú nua a shocrú idir an léasaí agus an léasóir.

De réir léasa airgeadais, is ar an léasaí a bheidh gach riosca agus sochar a ghabhann leis an tsócmhainn a úsáid. Dá bhrí sin, is é an léasaí ba cheart aon ghnóthachan sealúchais nó aon chaillteanas sealúchais ar luach ionchais na sócmhainne ag deireadh thréimhse an léasa a thabht. I gcás ina bhfaigheann an léasaí an tsócmhainn go dleathach mar éadail ag deireadh thréimhse an léasa, taifeadtar na híocaíochtaí airgid mar aisíoc na hiasachta toisc go bhfuil an tsócmhainn ar chlár comhardaithe an léasaí cheana féin.

Má thugtar an tsócmhainn ar ais don léasóir, taifeadtar idirbheart in ionannas le ceannach na sócmhainne ag margadhluach reatha na sócmhainne. Úsáidtear na fáiltais chun an tsuim gan foc ar an iasacht a aisíoc agus taifeadtar aon difríocht idir na suimeanna sin mar aistriú caipitil. Is minic a bhíonn réamhíocaíochtaí i leith an tsócmhainn a fháil mar éadail ar na híocaíochtaí a dhéantar thar thréimhse an léasa sa chaoi is go ndéantar an t-idirbheart le comaoin seachas airgead tirim, ós rud é go mbíonn an iasacht aisíochta go hiomlán faoin am sin.

Má shocraítear tréimhse nua léasa, ní mór anailís a dhéanamh ar an gconradh nua féachaint an bhfuil sé ag leanúint ó léas airgeadais nó ó léas oibriúcháin.

15.18 Cé gur ar feadh roinnt blianta a mhaireann léas airgeadais de ghnáth, ní shocraíonn fad thréimhse an léasa an mar léas oibriúcháin nó mar léas airgeadais ba cheart é a mheas. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí an tsócmhainn a léasú ar feadh tréimhse gairide — ar feadh bliana in aghaidh an léasa, b'fhéidir — fad is a chuirtear san áireamh sa chonradh connioll gurb é an léasaí a ghlacann an fhreagracht ar fad as an tsócmhainn, lena n-áirítear an fhreagracht as cothabháil agus as cumhdach i gcás damáiste eisceachtúil. Cé go bhfuil tréimhse an léasa gairid, agus cé go bhféadfadh sé nach institiúid airgeadais é an léasóir, má ghlacann an léasaí le formhór na rioscaí a ghabhann leis an tsócmhainn a úsáid i dtairgeadh, chomh maith leis na sochair, taifeadtar an léas mar léas airgeadais seachas mar léas oibriúcháin. Sa chleachtas, áfach, is deacair diall ón taifeadh sna cuntais ghnó, atá i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta cuntasáíochta gnó, nuair nach mbaineann léasanna airgeadais ach le léasanna a chuimsíonn an chuid is mó de shaolré eacnamaíoch na sócmhainne.

15.19 Aon chorparáid a bhfuil léasú airgeadais ar cheann dá cuid sainghnóthaí, fiú má thugtar cuideachta réadmhaoine nó cuideachta léasaithe aerárthaí ar an gcorparáid sin, ba cheart í a aicmiú mar idirghabhálaí airgeadais a chuireann iasachtaí ar fáil do na haonaid a fhaigheann sócmhainní ar léas uaidh. Murar idirghabhálaí airgeadais é an léasóir, déantar na híocaíochtaí a ghabhann leis an iasacht bharrúlach a dheighilt ina n-aisíocaíochtaí i leith na príomhshuime agus ina n-aisíocaíochtaí i leith úis amháin; más corparáid airgeadais é an léasóir, áireofar suim eile atá in ionannas leis an muirear seirbhíse (FISIM).

15.20 Is cineál léasaithe airgeadais é an fruilcheannach.

Sainmhíniú: tarlaíonn socrú fruilcheannaigh nuair a dhíoltar earra marthanach le ceannaitheoir i gcomaoin íocaíochtaí todhchaí comhaontaithe. Glacann an ceannaitheoir seilbh ar an earra láithreach bonn, ach ó thaobh an dlí de is leis an léasóir i gcónaí é mar urrús comhthaobhach/mar ráthaíocht go dtí go mbeidh na híocaíochtaí comhaontaithe uile déanta ag an léasaí.

15.21 De ghnáth, is le hearraí marthanacha tomhaltais amháin a bhaineann an fruilcheannach, agus is le hearnáil na dteaghlach a bhaineann an chuid is mó de na ceannaitheoirí. De ghnáth, is aonaid institiúideacha ar leith iad airgeadaithe na gconarthaí fruilcheannaigh, aonaid a oibríonn go dlúth le díoltóirí earraí marthanacha.

15.22 Maidir leis an bhfruilcheannach, taifeadtar an t-earra marthanach mar a bheadh sé faighte mar éadail ag an gceannaitheoir an lá a ghlacann sé seilbh ar an tsócmhainn, ag an margadhphraghas a bheadh air in idirbheart coibhéiseach. Faigheann an ceannaitheoir iasacht bharrúlach ar luach coibhéiseach. Déantar na híocaíochtaí ón gceannaitheoir leis an airgeadaí a thairgeadh mar aisíocaíochtaí i leith na príomhshuime agus íocaíochtaí úis, ag úsáid an mhodha chéanna a úsáidtear sa léasú airgeadais. Idirghabháil airgeadais is ea an ghníomhaíocht táirgthe a dhéanann airgeadaithe na gconarthaí fruilcheannaigh. Toisc nach ngearrann siad féin táillí as a seirbhíse de ghnáth, is ionann a n-aschur iomlán agus FISIM, a ríomhtar mar ioncam ó mhaoin infhála lúide úis iníochta. Faoi mar a tharlaíonn sa ghnáthléasú airgeadais, d'fhéadfadh sé gur deacair suim an úis iníochta a bhreathnú agus, dá bhrí sin, nach mór meastachán a dhéanamh.

Léasanna acmhainne

15.23 *Sainmhíniú:* is éard is léas acmhainne ann léas ina gcuireann úinéir acmhainne nádúrtha an acmhainn sin ar fáil do léasaí i gcomaoin íocaíochta a thairgeadh mar chíos.

- 15.24 I léas acmhainne, fanann an tsócmhainn acmhainne ar chlár comhardaithe an léasóra cé gurb é an léasaí a úsáideann í. Taifeadtar aon laghdú ar luach acmhainne nádúrtha mar imeacht eacnamaíoch sócmhainní neamhtháirgthe (faoi K.21, “ídiú acmhainní nádúrtha”). Ní thaifeadtar é mar idirbheart ar nós ídiú an chaipitil sheasta, mar níl aon chaipiteal seasta ann le hídiú. Ní thaifeadtar mar chíos ach suimeanna iníoctha atá dlite faoi léas acmhainne, agus iad sin amháin.
- 15.25 Talamh an sampla is coitianta de shócmhainn a bheith faoi réir léasa acmhainne. Taifeadtar úsáid acmhainní nádúrtha eile ar an gcaoi chéanna, e.g. adhmaid, éisc, uisce, acmhainní mianracha agus speictrim raidió.

Ceadaíonn chun acmhainn nádúrtha a úsáid

- 15.26 Féadfaidh rialtas ceadaíonn a eisiúint chun acmhainn nádúrtha a úsáid, ach is féidir le húinéirí príobháideacha, amhail feirmeoirí agus gnóthais, iad a eisiúint freisin.
- 15.27 Nuair a eisítear ceadaíonn chun acmhainn nádúrtha a úsáid, tá trí rogha ann maidir lena dtaifeadadh (féach Tábla 15.3):
- is féidir leis an úinéir an cead chun an acmhainn a úsáid go leanúnach a shíneadh nó a dhiúltú ó thréimhse léasa amháin go thréimhse eile;
 - is féidir leis an úinéir cead a thabhairt an acmhainn a úsáid ar feadh thréimhse sínithe ar bhealach a fhágann gurb é an t-úsáideoir atá i bhfeighil na hacmhainne le linn an ama sin gan mórán bainte, nó gan baint ar bith, ag an úinéir léi;
 - ceadaíonn an t-úinéir an acmhainn a úsáid go dtí go mbeidh sí ídithe.

Taifeadtar an chéad rogha mar léas acmhainne; is mar chíos ba cheart é a thaifeadadh.

I gcás an dara rogha, ní hamháin go ndéanfaí taifeadadh ar chíos, ach d'fhéadfaí sócmhainn a chruthú don úsáideoir, sócmhainn a bheadh éagsúil leis an acmhainn féin ach bheadh nasc idir luach na hacmhainne agus luach na sócmhainne trína gceadaítear an acmhainn a úsáid.

Ní thugtar aitheantas don tsócmhainn sin (catagóir AN.222) ach amháin má tá a luach, is é sin na sochair don sealbhóir de bhreis ar an luach arna fhabhrú chuig na heisitheoirí, inréadaithe tríd an tsócmhainn a aistriú. Breathnaítear ar dtús ar na ceadaíonn den sórt sin trí thaispeáint eacnamaíoch sócmhainní (catagóir K.1, féach pointe (g) de mhír 6.06). Mura réadaítear luach na sócmhainne, claonfaidh sé i dtreo an nialais de réir mar a imíonn thréimhse an léasa in éag.

Is é an toradh a bhíonn ar an tríú rogha ná díolachán (nó díshealbhú b'fhéidir) na hacmhainne nádúrtha féin.

Tábla 15.3 — Taifeadadh a dhéanamh ar thrí chineál éagsúla ceadaíonn chun acmhainní nádúrtha a úsáid

Cineál úsáide	Modh taifeadta
Cead úsáide sealadaí, ar feadh thréimhse fada b'fhéidir	Léas acmhainne: cíos (ioncam ó mhaoín)
An t-úsáideoir i bhfeighil na hacmhainne ar feadh thréimhse sínithe, na rioscaí agus na sochair ar an úsáideoir, inaistritheacht an cheada ar luach inréadaithe	Cíos agus cruthú sócmhainne nua chun cead a fháil an acmhainn nádúrtha a úsáid
Úsáid go dtí go mbeidh an acmhainn ídithe; úsáid bhuan (gach riosca agus sochar ar an úsáideoir)	Díol na hacmhainne nádúrtha

- 15.28 Chun idirdhealú a dhéanamh idir cíos, cruthú sócmhainne nua agus díol na hacmhainne nádúrtha, is é aistriú rioscaí agus sochar an príomhchritéar a úsáidtear. Tá an acmhainn nádúrtha díolta má tá gach riosca agus sochar aistrithe. Cruthaítear sócmhainn nua más é an toradh atá ar aistriú na rioscaí agus na sochar cead inaistrithe ar leith a bhfuil luach inréadaithe air. D'fhéadfadh critéir eile, amhail réamhchomhaontú ar íocaíochtaí, íocaíochtaí láithreacha, fad thréimhse an cheada agus an chaoi a láimhseáiltear iad sna cuntais ghnó, a bheith míthreorach mar ní gá dóibh aistriú na rioscaí agus na sochar a léiriú.
- 15.29 Is féidir le neamhchónaitheigh acmhainní nádúrtha, amhail talamh agus acmhainní mianracha, a fháil mar éadail. Mar sin féin, níor cheart díolachán acmhainní nádúrtha a thaifeadadh mar dhíolachán le haonad neamhchónaitheach. I gcásanna den sórt sin, cruthaítear aonad barúlach cónaitheach a shealbhaíonn an teideal chun na hacmhainne nádúrtha; ansin is leis an aonad neamhchónaitheach cothromas an aonaid bharúlaigh chónaitheigh. Bíonn modh taifeadta cosúil i bhfeidhm maidir le cónaitheigh a fhaigheann acmhainní nádúrtha mar éadail sa chuid eile den domhan.

15.30 D'fhéadfadh réimse leathan idirbheart a bheith i gceist le hioncaim an rialtais ó chineál sonracha acmhainní nádúrtha (e.g. ioncaim ó ola agus ó ghás nádúrtha). Seo a leanas samplaí den mhéid sin:

- (a) cíós i gcás léasanna acmhainne;
- (b) diúscairt sócmhainní neamhtháirgthe, e.g. díolacháin acmhainní nádúrtha nó díolacháin cheadúnas saothraithe le linn tréimhse sínithe;
- (c) díbhinn ó chorparáid phoiblí a shaothraíonn acmhainní nádúrtha;
- (d) cáin chorparáide arna híoc ag corparáidí a shaothraíonn acmhainní nádúrtha.

Ceadaíochtaí chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh

15.31 Anuas ar cheadúnais agus ar léasanna chun sócmhainn a úsáid, is féidir cead a thabhairt chun gníomhaíocht shonrach a dhéanamh, gan spleáchas d'aon sócmhainní a úsáidtear sa ghníomhaíocht sin. Ní bhraitheann na ceadaíochtaí ar chritéir cháilitheacha (amhail pas a ghnóthú i scrúdú chun cead a fháil gluaisteán a thiomáint); ceapadh iad chun teorainn a chur le líon na n-aonad ar leith a bhíonn i dteideal an ghníomhaíochta a dhéanamh. Féadfaidh rialtas agus féadfaidh aonaid institiúideacha phríobháideacha ceadaíochtaí den sórt sin a eisiúint agus baineann modhanna éagsúla láimhseála leis an dá chás.

Tábla 15.4 — Úsáid agus ceannach sócmhainní neamhairgeadais a thaifeadh, de réir cineál idirbhirt/sreafa

Cineál idirbhirt	Cineál úsáide/ceannaigh agus cineál sócmhainne agus cineál íocaíochta
Tomhaltas idirmheánach	Léas oibriúcháin ar shócmhainní táirgthe, e.g. innill agus cearta maoinne intleachtúla Íocaíochtaí rialta ó chorparáidí ar sholáthar uisce Seirbhísí FISIM a bhaineann le léas airgeadais a sholáthar
Ídiú an chaipitil sheasta	Maidir le sócmhainní táirgthe amháin, agus maidir leis an úinéir eacnamaíoch amháin
Caiteachas ar thomhaltas críoch-naithreach	Léas oibriúcháin ar earraí marthanacha tomhaltais Ceannach earraí marthanacha tomhaltais, lena n-áirítear ceannacháin arna maoiniú trí léas airgeadais, nó trí chomhaontú fruilcheannaigh
Ceannach sócmhainní neamhairgeadais	
Foirmiú caipitil sheasta	Ceannach sócmhainní táirgthe (lena n-áirítear ceannacháin arna maoiniú trí léas airgeadais)
Éadálacha acmhainní nádúrtha	Ceannach acmhainne nádúrtha, lena n-áirítear ceart úsáide go dtí go mbeidh sí ídithe Ceannach cirt chun acmhainn nádúrtha a úsáid ar feadh tréimhse sínithe, e.g. cuóta iascaireachta
Éadálacha sócmhainní neamhtháirgthe eile	Socruithe comhroinnte ama atá inaistrithe Ceannach conartha atá inaistrithe le tríú páirtí Conarthaí ar tháirgeadh todhchaí, e.g. conarthaí le himreoirí peile nó le scríbhneoirí
Íocaíocht i leith ioncaim ó mhaoin	
Cíós	Léas acmhainne, i.e. íocaíocht i leith acmhainn nádúrtha a úsáid ar feadh gearrthréimhse Íocaíochtaí tráthrialta i leith an chirt chun uisce a tharraingt Léas airgeadais, i.e. ceannach sócmhainne neamhairgeadais arna maoiniú trí iasacht ag an am céanna
Aistriú ioncaim	Ceadaíochtaí arna n-eisiúint ag rialtas chun gníomhaíocht shonrach a dhéanamh gan spleáchas do chritéir cháilitheacha agus gan muirear díreireach i gcomparáid leis an gcostas ar an scéim ceadaíochta a riar
Cánacha eile ar tháirgeadh	Ceadaíochtaí arna n-eisiúint ag rialtas chun iomlán na n-astaíochtaí a rialú
Idirbheart airgeadais: iasacht	Léas airgeadais, i.e. ceannach sócmhainne neamhairgeadais arna maoiniú trí iasacht ag an am céanna
Athrú eile ar mhéid na sócmhainní	Ídiú acmhainní nádúrtha ag an úinéir Lománaíocht, iascaireacht nó sealgaireacht mhídhleathach (urghabháil neamhchúitithe ar shócmhainní nó ar acmhainní nádúrtha saothraithe)
Athrú ar phraghas na sócmhainní	Imeacht in éag conarthaí, ceadúnas agus ceadaíochtaí arna dtaifeadh mar shócmhainní

- 15.32 Nuair a chuireann rialtais teorainn le líon na ngluasteán atá i dteideal feidhmiú mar thacsaithe nó nuair a chuireann siad teorainn le líon na gcasino trí cheadanna a eisiúint, mar shampla, is éard atá ar siúl acu brabúis mhonaplachta a chruthú do na hoibreoirí formheasta agus roinnt de na brabúis sin a aisghabháil i bhfoirm táille. Taifeadtar na táillí den sórt sin mar chánacha eile. Baineann an prionsabal sin le gach cás ina n-eisíonn rialtas ceadanna chun teorainn a chur le líon na n-aonad atá ag oibriú i réimse áirithe, réimse ina socraítear an teorainn go haondeonach agus ina bhfuil an teorainn gan spleáchas do chritéir cháilitheacha.
- 15.33 I bprionsabal, má tá an cead bailí ar feadh roinnt blianta, déanfar an íocaíocht a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe le hiontráil eile sa chuntas infhála nó iníochta in ionannas le suim tháille an cheada do na blianta todhchaí.
- 15.34 Is é an dreasacht a bhaineann le cead den sórt sin a fháil go gcreideann sealbhóir an cheada go bhfaighidh sé an ceart brabúis mhonaplachta a dhéanamh trí bhithin an t-ioncam todhchaí a bheith níos mó ná na híocaíochtaí chun an cead a fháil. Déantar an sochar don sealbhóir de bhreis ar an luach arna fhabhrú don eisitheoir a láimhseáil mar shócmhainn má tá sealbhóir an cheada in ann é a réadú tríd an tsócmhainn a aistriú. Cuirtear síos ar an gcineál sin sócmhainne mar chead chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh (AN.223).
- 15.35 Is i gcuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní a thaispeántar den chéad uair an cead chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh i bhfoirm sócmhainne. Is sa chuntas athluachála a thaifeadtar aon athrú ar an luach, bíodh sé ina mhéadú nó ina laghdú.
- 15.36 Déantar luach an cheada mar shócmhainn a chinneadh de réir an luacha ar ar féidir é a dhíol nó, mura bhfuil fáil ar den sórt sin d'fhigiúr, déantar é a mheas mar luach láithreach shruth todhchaí na mbrabúis monaplachta. Má dhíoltar an cead le duine eile, glacann an t-úinéir nua an ceart chun aisíocaíocht a fháil ón rialtas i gcás ina gcealófaí an cead, chomh maith leis an gceart na brabúis mhonaplachta a thuilleamh.
- 15.37 Maidir le cead a eisíonn rialtas chun gníomhaíocht shonrach a dhéanamh, láimhseáiltear mar shócmhainn é i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas agus sa chás sin amháin:
- níl sócmhainn de chuid an rialtais in úsáid sa ghníomhaíocht lena mbaineann; má tá, láimhseáiltear an cead chun an tsócmhainn a úsáid mar léas oibriúcháin, mar léas airgeadais, mar léas acmhainne nó b'fhéidir mar éadálacha sócmhainne atá in ionannas le cead chun an tsócmhainn a úsáid thar thréimhse sínithe faoi rogha an cheadúnaí;
 - ní faoi réir critéir cháilithe a eisítear an cead; láimhseáiltear na ceadanna sin mar chánacha nó mar íocaíochtaí i leith seirbhísí;
 - tá teorainn le líon na gceadanna agus, dá bhrí sin, is féidir leis an sealbhóir brabúis mhonaplachta a dhéanamh agus é i mbun na gníomhaíochta lena mbaineann;
 - ní mór do shealbhóir an cheada a bheith in ann an cead a dhíol le trío páirtí.

Mura gcomhlíontar gach coinníoll, taifeadtar na híocaíochtaí mar chánacha nó mar íocaíochtaí i leith seirbhísí.

- 15.38 Maidir le haonaid seachas rialtas, is annaimhe i bhfad iad a bheith in ann teorainn a chur leis an líon a ghlacann páirt i ngníomhaíocht áirithe. Cás amháin is ea nuair is riachtanach nó is inmhianaithe a bheith mar bhall de chumann gairmiúil agus nuair atá teorainn dhocht leis an líon a ghlacann páirt ann. Sampla: Nuair a chuireann úinéir réadmhaoiné teorainn le líon na n-aonad a oibríonn ar a réadmhaoin, e.g. óstán ag a bhfuil beartas nach bhféadfaidh ach an t-aon ghnólacht tacsaithe amháin na haíonna a bhailiú. I gcásanna den sórt sin, láimhseáiltear ceadanna mar íocaíochtaí i leith seirbhísí. I bprionsabal, déanfar an íocaíocht a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe le linn na thréimhse ina bhfuil an cead bailí. Níl aon chúis, i bprionsabal, nach bhféadfaí ceadanna den sórt sin a láimhseáil mar shócmhainní fad is atá siad indíolta, cé gurb annamh a tharlaíonn sé sin.
- 15.39 Maidir le cead chun gníomhaíocht shonrach a dhéanamh arna eisiúint ag aonad seachas rialtas, láimhseáiltear mar shócmhainn é i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas agus sa chás sin amháin:
- níl sócmhainn de chuid eisitheoir an cheada in úsáid sa ghníomhaíocht lena mbaineann; má tá, láimhseáiltear an cead chun an tsócmhainn a úsáid mar léas oibriúcháin, mar léas airgeadais nó mar léas acmhainne;
 - tá teorainn le líon na gceadanna agus, dá bhrí sin, is féidir leis an sealbhóir brabúis mhonaplachta a dhéanamh agus é i mbun na gníomhaíochta lena mbaineann;
 - ní mór do shealbhóir an cheada a bheith in ann, go dlíthiúil agus go praiticiúil, an cead a dhíol le trío páirtí.

Mura gcomhlíontar gach coinníoll, taifeadtar na híocaíochtaí mar íocaíochtaí i leith seirbhísí.

- 15.40 Eisióinn rialtais ceadanna astaíochta ar mhaithe le hiomlán na n-astaíochtaí a rialú. Ní bhaineann na ceadanna den sórt sin le hacmhainn nádúrtha a úsáid, mar nach bhfuil aon luach curtha ar an atmaisféar, agus ní féidir é a mheas mar shócmhainn eacnamaíoch, agus aicmítear táill an cheada mar chánacha dá bhrí sin. Tá na ceadanna intrádála agus beidh margadh gníomhach ann dóibh. Dá bhrí sin, is sócmhainní iad na ceadanna agus ba cheart iad a luacháil ag an margadhphraghas ar ar féidir iad a dhíol.

Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPPanna)

- 15.41 Is éard atá i gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí conarthaí fadtréimhse idir dhá aonad trína bhfaigheann nó trína dtógann aonad amháin díobh sócmhainn nó sraith sócmhainní, oibríonn sé í ar feadh tréimhse agus ansin tugann sé an tsócmhainn don dara haonad. De ghnáth, is idir gnóthas príobháideach agus rialtas a bhíonn socruithe den sórt sin ach d'fhéadfadh leagan amach eile a bheith orthu: corparáid phoiblí mar cheachtar den dá pháirtí nó institiúid phríobháideach neamhbhrabúis mar an dara páirtí.

Glacann rialtais páirt i gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ar chúiseanna éagsúla, mar shampla má tá siad ag súil go mbeidh an táirgeadh níos éifeachtúla toisc lucht bainistíochta príobháideach bheith ina fheighil agus go bhfaighidh siad rochtain ar réimse níos leithne d'fhoinsí airgeadais, nó má tá siad ag iarraidh fiachas an rialtais a laghdú.

Le linn thréimhse an chonartha, is ag conraitheoir na comhpháirtíochta príobháidí poiblí a bhíonn an úinéireacht dhlíthiúil. Ag deireadh thréimhse an chonartha, is ag an rialtas atá an úinéireacht eacnamaíoch agus an úinéireacht dhlíthiúil araon.

Tá tuilleadh sonraí faoin gcaoi a láimhseáiltear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ar fáil i gCaibidil 20 (cuntais an rialtais).

Conarthaí lamháltais seirbhíse

- 15.42 Tugann conarthaí lamháltais seirbhíse an ceart eisiach do chuideachta seirbhísí áirithe a chur ar fáil. Mar shampla, i gcás lamháltais seirbhíse poiblí, déanann cuideachta phríobháideach comhaontú leis an rialtas chun an ceart eisiach a fháil fónas poiblí a oibriú nó a chothabháil, nó infleistiúocht a dhéanamh i bhfónas poiblí, (amhail córas soláthair uisce nó mótarbhealach dola) ar feadh líon áirithe blianta. Níor cheart conarthaí lamháltais seirbhíse a thairfeadh mar shócmhainní, i gcás nach bhfuil siad inaistrithe nó nach féidir aon luach a réadú trína n-aistriú.

Léasanna oibriúcháin indíolta (AN.221)

- 15.43 Is éard atá i léasanna oibriúcháin indíolta cearta maoine trú páirtí a bhaineann le sócmhainní neamhairgeadais seachas acmhainní nádúrtha. Ba cheart don léas sochair eacnamaíoch a thabhairt don sealbhóir de bhreis ar na táill iníochta agus ba cheart go mbeadh an sealbhóir in ann na sochair sin a réadú trína n-aistriú. Is ionann luach an léasa agus an sochar don sealbhóir de bhreis ar an luach arna fhabhrú chuig an eisisitheoir. D'fhéadfadh go leor cineálacha conarthaí léasa cíosa agus léasa oibriúcháin a bheith i gceist le léasanna oibriúcháin indíolta. Mar shampla, féadfaidh tionónta árasán a fholigean le trú páirtí.

Teidlíochtaí i leith earraí agus seirbhísí todhchaí ar bhonn eisiach (AN.224)

- 15.44 D'fhéadfadh sócmhainní cearta maoine ag trú páirtí a bheith mar thoradh ar chonarthaí i leith táirgthe todhchaí. Is ionann luach conarthaí den sórt sin agus an sochar don sealbhóir de bhreis ar an luach arna fhabhrú chuig an eisisitheoir. Seo a leanas samplaí den méid sin:

- (a) cearta eisiacha chun duine a fháil chun obair a dhéanamh (e.g. imreoirí peile), nó cearta eisiacha chun saothair liteartha nó ceolchoirmeacha a fhoilsiú. Is ionann luach na gceart den sórt sin agus an brabús is féidir a dhéanamh ar na cearta a aistriú sa bhreis ar na costais a ghabhann leis an gconradh reatha a chur ar ceal;
- (b) socruithe comhroinnte ama. Níor cheart ach cuid de na socruithe comhroinnte ama a mheas mar éadálacha sócmhainní:
 - (1) má tá spás ainmnithe ag an úinéir agus an spás sin ar fáil go suthain, agus má tá an t-úinéir cáilithe chun gníomhú mar bhall den choiste bainistíochta don scéim, nó más féidir leis an úinéir an leithdháileachán a thiomnú ar toil, ansin is dóichí gur sócmhainn den chineál céanna le teach é an socrú;
 - (2) má tá comhaontú socraithe ag an úinéir chun cineál éigin cóiríochta a bheith ar fáil ag am áirithe ar feadh tréimhse ama socraithe, is dócha go bhfuil sin in ionannas le léas réamhíochta, i.e. caiteachas réamhíochta ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach;
 - (3) d'fhéadfaí an léas réamhíochta sin a fholigean anois is arís nó d'fhéadfaí é a dhíol mar léas oibriúcháin inaistrithe don tréimhse atá fágtha ar an léas;
 - (4) féadfaidh rannpháirtí i scéim bunaithe ar phointí cuntas a bheith aige ar cuntas é nach bhfuil infhála ach amháin trí bhíthin sócmhainne.

CAIBIDIL 16

ÁRACHAS

RÉAMHRÁ

- 16.01 Is éard is árachas ann gníomhaíocht trína gcosnaíonn aonaid institiúideacha nó grúpaí aonad iad féin in aghaidh iarmhairtí diúltacha airgeadais a bhíonn ag teagmhais shonracha éiginnte. Is féidir dhá chineál árachais a idirhealú: árachas sóisialta agus árachas eile.
- 16.02 Is éard is árachas sóisialta ann scéim a chumhdaíonn rioscaí sóisialta agus riachtanais shóisialta. Is minic a eagraítear ar bhonn comhchoiteann é do ghrúpa; is gnách gur ar bhonn éigeantach a ghlacann daoine páirt sa scéim nó spreagann tríú páirtí iad chuige sin. Is éard a chuimsítear faoi árachas sóisialta scéimeanna slándála sóisialta atá á bhforchur, á rialú agus á maoiniú ag an rialtas agus scéimeanna a bhaineann le fostaíocht atá á soláthar nó á n-oibriú ag fostóirí thar ceann a bhfostaithe. Tugtar tuairisc ar árachas sóisialta i gCaibidil 17.
- 16.03 Tugann árachas seachas árachas sóisialta cumhdach in aghaidh teagmhas mar bhás, marthanais, dóiteán, tubaistí nádúrtha, tuilte, tionóiscí gluaisteáin, etc. Tugtar árachas saoil ar árachú in aghaidh báis agus marthanais, agus tugtar árachas neamhshaoil ar árachú in aghaidh gach teagmhas eile.
- 16.04 Baineann an Chaibidil seo le hárachas saoil agus árachas neamhshaoil. Tugtar tuairisc inti ar an tslí ina dtaifeadtar gníomhaíochtaí árachais sna cuntais.
- 16.05 Sainítear cearta agus oibleagáidí a bhaineann le hárachas i bpolasaí árachais. Is comhaontú atá sa pholasaí idir árachóir agus aonad institiúideach eile, dá ngairtear an sealbhóir polasaí. Faoin gcomhaontú sin, déanann an sealbhóir polasaí fócaíocht dá ngairtear préimh leis an árachóir agus, má tharlaíonn teagmhas sonraithe, déanann an t-árachóir fócaíocht dá ngairtear éileamh leis an sealbhóir polasaí nó le duine ainmnithe. Ar an mbealach sin, cosnaíonn an sealbhóir polasaí é féin ar chineálacha áirithe riosca; tríd na rioscaí a chomhthiomsú tá sé mar chuspóir ag an árachóir níos mó a thuilleamh ó phréimheanna ná mar atá le hóc aige mar éilimh.
- 16.06 Sainíonn an polasaí árachais ról na bpáirtithe sa pholasaí, mar atá:
- (a) an t-árachóir atá ag tabhairt an chumhdaigh árachais;
 - (b) an sealbhóir polasaí atá freagrach as préimheanna a íoc;
 - (c) an tairbhí a fhaigheann cúiteamh;
 - (d) an t-áracháí nó an rud árachaithe atá faoi réir an riosca.
- Sa chleachtas, d'fhéadfadh an duine céanna a bheith ina shealbhóir polasaí, ina thairbhí agus ina áracháí. Liostaíonn an polasaí ról den sórt sin agus sonraítear an duine a fhreagraíonn do gach ról.
- 16.07 Tugtar árachas díreach ar an árachas is coitianta, is é sin nuair a dhéanann aonaid institiúideacha iad féin a árachú le hárachóir in aghaidh iarmhairtí diúltacha airgeadais a bhíonn ag rioscaí sonracha. Ach féadfaidh gach árachóir díreach é féin a árachú freisin, trí chuid de na rioscaí arna n-árachú go díreach a árachú le hárachóirí eile. Tugtar athárachas ar an gcleachtas sin, agus athárachóirí ar na haonaid a sholáthraíonn an tseirbhís sin.

Árachas díreach

- 16.08 Tá dhá chineál árachais dhírigh ann: árachas saoil agus árachas neamhshaoil.
- 16.09 *Sainmhíniú:* is éard is árachas saoil ann, gníomhaíocht trína ndéanann sealbhóir polasaí fócaíochtaí tráthrialta le hárachóir agus, i gcomaoin ar na híocaíochtaí sin, geallann an t-árachóir suim chomhaontaithe, nó blianacht, a thabhairt don tairbhí ar dháta áirithe nó roimh an dáta sin má fhaigheann an t-áracháí bás roimh an dáta sin. Féadfaidh polasaí saoil sochair a thig ó shraith rioscaí a dheonú. Mar shampla, féadfaidh polasaí árachais saoil seanaoise sochar a dheonú nuair a bhaineann an t-áracháí 65 bliain d'aois amach agus, tar éis bhás an áracháí, féadfar sochar a dheonú don chéile marthanach go dtí a b(h)ás.
- 16.10 Cumhdaíonn árachas saoil freisin árachas forlíontach in aghaidh díobhála pearsanta lena n-áirítear éagumas chun fostaíochta, árachas in aghaidh báis a thig as tionóisc agus árachas in aghaidh míchumais a thig as tionóisc nó breoiteacht.
- 16.11 Ní sholáthraíonn roinnt aicmí árachais saoil cúiteamh ach i gcás ina dtarlaíonn an teagmhas árachaithe, e.g. árachas atá ceangailte le hiasacht morgáiste agus nach n-íocann sochar chun an morgáiste a fhuascailt ach i gcás ina bhfaigheann an saothraí ioncaim bás sula dtagann an iasacht chomhfhreagrach in aibíocht. Bíonn gné shuntasach coigiltis i bhformhór na n-aicmí den sórt sin, agus bíonn an ghné sin ceangailte le gné de chumhdach riosca. I bhfianaise an choigiltis mhóir sin, féachtar ar árachas saoil mar chineál coigiltis, agus taifeadtar na hidirbhearta comhfhreagracha sa chuntas airgeadais.

- 16.12 *Sainmhíniú:* is éard is árachas neamhshaoil ann gníomhaíocht trína ndéanann sealbhóir polasaí íocaíochtaí tráthrialta le hárachóir agus, i gcomaoin ar na híocaíochtaí sin, geallann an t-árachóir suim chomhaontaithe a thabhairt don tairbhí nuair a tharlaíonn teagmhas seachas bás duine. Seo thíos samplaí de theagmhais den chineál sintionóiscí, breoiteacht, tine etc. Sa chuid is mó de thíortha na hEorpa, déantar árachas tionóisce a chumhdaíonn rioscaí a bhaineann leis an saol a aicmiú mar árachas neamhshaoil.
- 16.13 Sna cuntais náisiúnta, meastar gur árachas neamhshaoil atá i bpolasaí saoil a sholáthraíonn sochar i gcás báis laistigh de thréimhse áirithe agus sna cúinsí sin amháin, polasaí dá ngairtear árachas téarma de ghnáth, toisc nach mbeidh aon éileamh iníochta ach má tharlaíonn teagmhas sonraithe agus sa chás sin amháin. Sa chleachtas, áfach, i ngeall ar an mbealach ina gcoimeádann aonaid árachais a gcuid cuntas, d'fhéadfadh nach mbeifí in ann i gcónaí árachas téarma a scaradh ó árachas saoil. Sna cásanna den sórt sin, is féidir árachas téarma a láimhseáil mar a láimhseáiltear árachas saoil.
- 16.14 Tá scaipeadh riosca i gceist le hárachas saoil agus árachas neamhshaoil araon. Is gnách go bhfaigheann árachóirí íocaíochtaí beaga tráthrialta préimheanna ó shealbhóirí polasaithe agus íocann siad suimeanna níos mó le héilitheoirí nuair a tharlaíonn na teagmhais atá cumhdaithe faoin bpolasaí. I gcás árachais neamhshaoil, bíonn na rioscaí scaipthe i measc an daonra iomlán a bhaineann amach polasaí árachais. Socraíonn an t-árachóir na préimheanna a ghearrfar as seirbhís árachais a sholáthar i gcaitheamh bliana trí iad a chur i gcoibhneas le suim na n-éileamh a bhfuil sé ag súil le híoc sa bhliain chéanna. Is gnách go mbíonn líon na n-éilitheoirí i bhfad níos ísle ná líon na sealbhóirí polasaithe. I gcás sealbhóra polasaí neamhshaoil aonair, níl aon ghaol idir na préimheanna a íoctar agus na héilimh a fhaightear, fiú go fadtréimhseach, ach socraíonn an t-árachóir gaol den sórt sin le haghaidh gach aicme árachais neamhshaoil ar bhonn bliantúil. I gcás árachais saoil, tá sé tábhachtach do na sealbhóirí polasaithe agus don árachóir araon go mbeadh gaol idir préimheanna agus éilimh le himeacht ama. I gcás duine a bhaineann amach polasaí saoil, meastar go mbeidh na sochair a gheofar chomh mór ar a laghad leis na préimheanna a íocfar go dtí go mbeidh an sochar dlíte agus is féidir féachaint orthu mar chineál coigilte. Ní mór don árachóir an ghné sin de pholasaí a cheangal le ríomhanna achtúireacha faoin daonra árachaithe maidir le hionchas saoil, lena n-áirítear rioscaí tionóiscí marfacha, agus an gaol idir leibhéil na bpréimheanna agus na sochar á shocrú aige. Sa bhreis air sin, sa tréimhse idir préimheanna a fháil agus sochair a íoc, tuilleann an t-árachóir ioncam trí chuid de na préimheanna a fuarthas a infheistiú. Bíonn tionchar ag an ioncam sin freisin ar leibhéil na bpréimheanna agus na sochar a shocraíonn na hárachóirí.
- 16.15 Tá difríochtaí suntasacha ann idir árachas saoil agus árachas neamhshaoil agus fágann na difríochtaí sin go gcruthaítear iontrálacha difriúla sna cuntais. Is éard atá in árachas neamhshaoil athdháileadh sa tréimhse reatha idir gach sealbhóir polasaí agus líon beag éilitheoirí. Is éard a athdháiltear, den chuid is mó, faoi árachas saoil préimheanna a íoctar thar thréimhse ama mar shochair a íoctar níos deireanaí leis an sealbhóir polasaí céanna.

Athárachas

- 16.16 *Sainmhíniú:* féadfaidh árachóir é féin a chosaint ar líon mór éileamh gan choinne, nó ar éileamh trom as cuimse, trí pholasaí athárachais a bhaint amach le hathárachóir. Tá corparáidí athárachais comhchruinnithe i líon teoranta ionad airgeadais agus, ar an ábhar sin, is idirbhearta leis an gcuid eile den domhan atá sa chuid is mó de na sreafaí athárachais. Is minic a bhaineann athárachóirí polasaithe athárachais amach le hathárachóirí eile chun a gcuid rioscaí a scaipeadh tuilleadh. Tugtar aisghéilleadh ar an athárachas sínithe sin.
- 16.17 Is féidir teorannú rioscaí a bhaint amach freisin nuair a chomhghlacann grúpa árachóirí, dá ngairtear frithghéallaithe, na rioscaí a bhaineann le polasaí aonair. Ní bhíonn gach árachóir ar leith freagrach ach as a sciar féin den pholasaí agus faigheann sé an sciar comhfhreagrach den phréimh agus íocann sé an sciar céanna i gcás éilimh nó sochair íochta. Is gnách go ndéanann an bainisteoir cinn nó an bróicéir árachais an polasaí a bhainistiú. Tá Lloyds of London ina shampla de mhargadh árachais ina scaiptear rioscaí díreacha agus indíreacha ar líon mór frithghéallaithe.
- 16.18 Tá roghanna éagsúla ag an árachóir díreach maidir le cumhdach indíreach a eagrú in aghaidh na rioscaí ar ghlac an t-árachóir leo. Déantar idirdhealú idir na haicmí athárachais seo a leanas:
- (a) athárachas comhréireach ina ndéanann an sealbhóir polasaí céatadán comhaontaithe de na rioscaí go léir, nó de na rioscaí go léir a bhaineann le punann shonraithe de pholasaithe árachais dhíreach, a ghéilleadh d'athárachóir. Ciallaíonn sé sin go n-aistríonn an t-árachóir díreach an céatadán comhfhreagrach de na préimheanna chuig an athárachóir agus déanann an t-athárachóir an céatadán céanna de na héilimh a íoc nuair a thabhaítear iad. I gcásanna den sórt sin, láimhseáiltear aon choimisiún athárachais arna íoc ag an athárachóir leis an sealbhóir polasaí mar laghdú ar phréimheanna scríofa athárachais;
- (b) athárachas neamh-chomhréireach, dá ngairtear athárachas sáraithe cailteanais, is é sin nach bhfuil riosca ann don athárachóir ach amháin má sháraíonn suim an éilimh dhíreach tairseach comhaontaithe. Mura bhfuil aon éileamh díreach nó mura bhfuil mórán éileamh díreach a sháraíonn an tairseach, féadfaidh an t-athárachóir céatadán den bhrabús a thabhairt don árachóir díreach. Déantar roinnt an bhrabúis a láimhseáil sna cuntais mar aistriú reatha ón athárachóir go dtí an t-árachóir díreach, sa tslí chéanna a láimhseáiltear íocaíochtaí éileamh.

Na haonaid rannpháirteacha

- 16.19 Is árachóirí iad na haonaid institiúideacha a bhíonn rannpháirteach, den chuid is mó, in árachas díreach agus in athárachas. Féadfaidh cineál eile gnóthais a bheith i mbun árachais mar ghníomhaíocht neamhphríomha, ach is gnách go gciallaíonn na rialacháin dhlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí árachais nach mór sraith cuntas ar leithligh a chumhdaíonn gach gné den ghníomhaíocht árachais a choimeád, agus sa tslí sin is féidir aonad institiúideach ar leithligh a aithint atá aicmithe faoi fho-earnálacha na gcorparáidí árachais (S.128) agus na gcistí pinsin (S.129). Féadfaidh rialtas gníomhaíochtaí árachais eile a dhéanamh, ach arís is cosúil go mbeifear in ann aonad ar leithligh a aithint. Cé go bhféadfaidh earnálacha eile a bheith rannpháirteach, glactar leis sa mhéid a leanas gur árachóirí, bídsí ina n-aonaid chónaitheacha nó ina n-aonaid neamhchónaitheacha, a bhíonn i mbun na ngníomhaíochtaí árachais go léir.
- 16.20 Is corparáidí cúntacha árachais iad aonaid a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí a bhfuil dlúthghaol acu le hárachas den chuid is mó, ach nach dtabhaíonn rioscaí iad féin. Aicmítear na haonaid den sórt sin i bhfo-earnáil na gcorparáidí cúntacha airgeadais (S.126) agus áirítear orthu sin:
- (a) bróicéirí árachais;
 - (b) institiúidí príobháideacha neamhbhrabúis a fhónann do chorparáidí árachais agus do chistí pinsin;
 - (c) aonaid arb é a bpríomhghníomhaíocht gníomhú mar údaráis mhaoirseachta do chorparáidí árachais, do chistí pinsin agus do mhargaí árachais.

ASCHUR ÁRACHAIS DHÍRIGH

- 16.21 Glacann an chuideachta árachais le préimh ó chliant agus coimeádann sí í go ndéantar éileamh nó go n-éagann tréimhse an árachais. Idir an dá linn, infheistíonn an chuideachta árachais an phréimh agus tá an t-ioncam ó infheistíocht ina fhoinsé bhreise cistí chun aon éileamh atá dlite a riar uathí. Socraíonn an chuideachta árachais leibhéal na bpréimheanna ionas go bhféadfaidh suim na bpréimheanna móide an t-ioncam ó infheistíocht arna tuilleamh orthu lúide an t-éileamh ionchais corrlach a fhéadfaidh an chuideachta árachais a choimeád; is ionann an corrlach sin agus aschur na cuideachta árachais. Cuirtear beartais socraithe préimhe na n-árachóirí san áireamh nuair a dhéantar aschur an tionscail árachais a thomhas. Chuige sin, ní mór ceithre ítem ar leithligh a shainiú. Is iad sin:
- (a) préimheanna tuillte;
 - (b) forlíontaí préimhe;
 - (c) éilimh thabhairthe, nó sochair dhlite;
 - (d) cúlchistí teicniúla árachais.

Déantar gach ceann de na hítimí sin faoi seach a phlé sula ndéantar plé ar thomhas an aschuir a bhaineann le hárachas díreach neamhshaoil, árachas díreach saoil agus athárachas faoi seach.

Préimheanna tuillte

- 16.22 *Sainmhíniú:* is ionann préimheanna tuillte agus an céatadán de phréimheanna scríofa a tuilleadh le linn na tréimhse cuntasaíochta. Cumhdaíonn préimheanna scríofa an tréimhse atá conraithe sa pholasaí árachais. Is é an difríocht idir préimheanna scríofa agus préimheanna tuillte, suimeanna atá curtha i leataobh agus atá curtha san áireamh sna cúlchistí préimheanna neamhthuillte. Féachtar ar na suimeanna den sórt sin mar shócmhainní de chuid na sealbhóirí polasaithe. Tagann coincheap na préimhe tuillte i gcuntasaíocht árachais le prionsabal an taifeadta ar bhonn fabhráithe a úsáidtear sna cuntais náisiúnta.
- 16.23 Is préimh rialta atá iníoctha go míosúil nó go bliantúil, nó préimh shingil a íoctar ag tús na tréimhse árachaithe de ghnáth, a bheidh sa phréimh árachais. Is iondúil gur préimheanna singile a úsáidtear in árachú rioscaí a bhaineann le teagmhais mhóra, ar nós foirgnimh mhóra nó trealamh mór a thógáil agus earraí a iompar de bhóthar, d'iarnród, ar muir nó d'aer.

- 16.24 Beidh préimheanna tuillte sa bhliain i dtrácht san fhoirm seo a leanas:

préimheanna scríofa

móide na cúlchistí préimheanna neamhthuillte ag tús na bliana cuntasaíochta

lúide na cúlchistí préimheanna neamhthuillte ag deireadh na bliana cuntasaíochta.

Nó má shloinntear ar bhealach eile é, beidh sé san fhoirm seo a leanas:

préimheanna scríofa

lúide an t-athrú (lúide méadú nó móide laghdú) sna cúlchistí le haghaidh préimheanna neamhthuillte.

- 16.25 Áirítear na cúlchistí préimheanna neamhthuillte agus cúlchistí eile faoi chúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil (AF.61) agus cúlchistí teicniúla árachais saoil (AF.62). Tá tuairisc ar chúlchistí teicniúla árachais tugtha i mír 16.43 go mír 16.45.
- 16.26 Is minic a bhíonn ar shealbhóirí polasaithe cáin ar leith a íoc nuair a íocann siad an phréimh árachais. In a lán tíortha déantar na préimheanna árachais saoil a eisiáil ón gcáin árachais sin. Toisc nach mór do na hárachóirí an cháin sin a aistriú chuig an rialtas, ní iontráiltear na suimeanna ábhartha i gcuntais bhliantúla na n-árachóirí. Ní fhéadfadh ach suim réasúnta beag — an t-iarmharmhéid a bhaineann leis an mbliain atá fós le haistriú chuig an rialtas — dul isteach i gclár comhardaithe na n-árachóirí faoi chreidmheas trádála. Ní ar an dóigh sin a thaifeadtar íocaíochtaí cánacha i gcuntais na n-árachóirí. Déantar cáin den sórt sin a láimhseáil mar cháin ar tháirgí sna cuntais náisiúnta. Glactar leis go n-íocfaidh na sealbhóirí polasaithe na suimeanna den sórt sin díreach isteach i gcuntais na n-údarás cánach.

Forlíontaí préimhe

- 16.27 *Sainmhíniú*: is ionann forlíontaí préimhe agus an t-ioncam a thuilltear ó chúlchistí teicniúla árachais na n-árachóirí a infheistiú, atá in ionannas le dliteanais i leith na sealbhóirí polasaithe.
- 16.28 I gcás árachais saoil go háirithe, ach freisin i gcás árachais neamhshaoil uaireanta, is minic a sháraíonn suim iomlán na sochar dlite nó na n-éileamh tabhaithe i dtréimhse áirithe na préimheanna tuillte. Is gnách go n-íoctar préimheanna go tráthrialta, ag tús tréimhse árachais go minic; tá éilimh tabhaithe níos deireanaí, agus i gcás árachais saoil is minic a bhíonn sochair dlite blianta ina dhiaidh sin. Sa tréimhse idir an phréimh a íoc agus an t-éileamh a bheith iníoctha, bíonn an tsuim atá i gceist ar fáil don árachóir chun í a infheistiú agus ioncam a thuilleamh uirthi. Tugtar cúlchistí teicniúla árachais ar na suimeanna den sórt sin. Tugann an t-ioncam a thuilltear ar chúlchistí deis do na hárachóirí préimheanna níos ísle a ghearradh ná mar a bheidís in ann murach sin. Chun an tseirbhís arna soláthar a thomhas ní mór méid an ioncaim sin a chur san áireamh chomh maith le méid coibhneasta na bpréimheanna agus na n-éileamh.
- 16.29 I gcás árachais neamhshaoil, cé go bhféadfadh préimh a bheith iníoctha ag tús tréimhse cumhdaigh, ní thuilltear na préimheanna ach ar bhonn leanúnach le himeacht na tréimhse. Ag aon am roimh dheireadh an chumhdaigh, beidh i seilbh an árachóra suim atá dlite don sealbhóir polasaí maidir le seirbhísí agus éilimh a d'fhéadfaí a sholáthar sa todhchaí. Is cineál creidmheasa í an tsuim sin a thugann an sealbhóir polasaí don árachóir agus a aicmítear mar phréimheanna neamhthuillte. Ar an mbealach céanna, cé go mbíonn éilimh dlite le híos ag an árachóir nuair a tharlaíonn an teagmhas atá sonraite sa pholasaí, d'fhéadfadh nach n-íocfaí iad i ndáiríre go dtí roinnt ama ina dhiaidh sin, go minic mar thoradh ar phlé faoi na suimeanna atá dlite. Is cineál eile creidmheasa é sin, dá ngairtear cúlchistí i gcomhair éileamh gan íoc.
- 16.30 Tá cúlchistí dá samhail ann i gcomhair árachais saoil ach, sa bhreis ar na cúlchistí sin, tá dhá chineál eile cúlchistí árachais ann, cúlchistí achtúireacha árachais saoil agus cúlchistí árachais le brabús. Tá siad in ionannas le suimeanna atá curtha i leataobh chun sochair a íoc sa todhchaí. Is gnách go ndéantar na cúlchistí a infheistiú i sócmhainní airgeadais agus go mbíonn an t-ioncam i bhfoirm ioncaim ó infheistiúocht. Féadfar iad a úsáid chun gníomhaíocht eacnamaíoch, ar nós eastáit réadaigh, a mhaoiniú chun glanbharrachas oibriúcháin a chruthú i mbunaíocht ar leithligh nó mar ghníomhaíocht thánaisteach.
- 16.31 Déantar an t-ioncam uile ó infheistiúocht atá curtha i leith sealbhóirí polasaithe a thaispeáint mar shuim atá iníoctha leis na sealbhóirí polasaithe sa chuntas dáilte ioncaim phríomha. I gcás árachais neamhshaoil, aísíoctar an tsuim chéanna leis an árachóir ina dhiaidh sin mar fhorlíontaí préimhe sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim. I gcás árachais saoil, taispeántar préimheanna agus forlíontaí préimhe sa chuntas airgeadais.

Éilimh thabhaithe choigeartaithe agus sochair dhlite

- 16.32 *Sainmhíniú*: is ionann *éilimh thabhaithe* agus *sochair dhlite* agus oibleagáidí airgeadais na n-árachóirí i leith an tairbhí maidir leis na rioscaí a réadaíonn an teagmhas sa tréimhse i dtrácht mar atá sainithe sa pholasaí.
- 16.33 Tagann coincheap na n-éileamh tabhaithe in árachas neamhshaoil agus coincheap na sochar dlite in árachas saoil leis an taifeadadh ar bhonn fabhráithe sna cuntais náisiúnta.

Éilimh thabhaithe choigeartaithe in árachas neamhshaoil

- 16.34 Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir éilimh íoctha agus éilimh thabhaithe. Tagraíonn éilimh thabhaithe do na suimeanna atá dlite ar rioscaí árachaithe a réadaíodh le linn na bliana. Is cuma má thuairiscigh an sealbhóir polasaí an teagmhas comhfhreagrach nó nár thuairiscigh. Íocfar cuid de na héilimh sa bhliain dár gcionn nó níos deireanaí fiú. Ar an taobh eile den scéal, is sa bhliain reatha a íoctar éilimh a thig as teagmhais a tharla i mblianta roimhe sin. Cuirtear an chuid neamhíoctha de na héilimh thabhaithe leis an gcúlchiste i gcomhair éileamh gan íoc.
- 16.35 Beidh éilimh thabhaithe in árachas neamhshaoil sa bhliain féilire san fhoirm seo a leanas:

éilimh íoctha

lúide an cúlchiste i gcomhair éileamh gan íoc ag tús na bliana cuntasáíochta

móide an cúlchiste i gcomhair éileamh gan íoc ag deireadh na bliana cuntasáíochta.

Nó má shloinntear ar bhealach eile iad, beidh siad san fhoirm seo a leanas:

éilimh íoctha

móide an t-athrú (móide méadú nó lúide laghdú) sna cúlchistí i gcomhair éileamh gan íoc.

- 16.36 Maidir le haon chostais a bhaineann le héilimh a ghabhann an t-árachóir de láimh, bídis ina gcostais sheachtracha nó ina gcostais inmheánacha, ní áireofar iad faoi éilimh thabhairthe. D'fhéadfadh na costais seo a leanas den sórt sin a bheith i gceist: costais éadálacha, bainistíocht polasaí, bainistíocht infleistíochta agus láimhseáil éileamh. B'fhéidir nach mbeifí in ann roinnt costas a aithint go leithleach i sonraí foinseacha na cuntasáíochta. Áirítear leis na costais sheachtracha caiteachas ar oibreacha a choimisiúnaigh an t-árachóir d'aonad eile, agus a dhéantar a thaifeadh sna cuntais mar thomhaltas idirmheánach. Áirítear leis na costais inmheánacha caiteachas ar oibreacha a rinne fostaithe an árachóra féin, agus a dhéantar a thaifeadh sna cuntais mar chostais saothair.
- 16.37 I gcás tubaistí, ní bheidh tionchar ag na cailteanais thabhairthe ar luach na n-éileamh. Déanfar na cailteanais i ngeall ar thubaistí a thaifeadh mar aistriú caipitil ón árachóir go dtí an sealbhóir polasaí. Is é an buntáiste a bhaineann le taifeadh den sórt sin nach dtagann méadú ar ioncam indiúscartha an tsealbhóra polasaí, rud a théann i gcoinne na céille coitinn, mar a tharlódh dá ndéanfaí na héilimh a thaifeadh ar shlí eile (féach mír 16.92 agus mír 16.93).
- 16.38 Is próiseas leanúnach atá i gceist le táirgeadh seirbhísí árachais, agus ní amháin próiseas a thosaíonn nuair a tharlaíonn an teagmhas. Mar sin féin, athraíonn leibhéal na n-éileamh arna dtabhú i leith sealbhóirí polasaithe árachais neamhshaoil ó bhliain go chéile agus d'fhéadfadh go dtarlódh teagmhais a dtiocfadh leibhéal an-ard éileamh chun cinn astu. Ní bhíonn tionchar díreach ag luaineacht éileamh ar mhéid ná ar phraghas seirbhísí árachais ach an oiread. Socraíonn árachóirí leibhéal na bpréimheanna ar bhonn a meastacháin féin ar an gcosúlacht go dtabhófar éilimh. Dá bhrí sin, úsáidtear *éilimh thabhairthe choigeartaithe*, arb ionann é agus meastachán a ceartaíodh chun luaineacht na n-éileamh a chur san áireamh, mar fhoirmle chun an t-aschur a ríomh.
- 16.39 Is féidir an meastachán ar éilimh thabhairthe choigeartaithe a dhíorthú go staitistiúil trí chur chuige ionchais bunaithe ar an taithí a fuarthas roimhe sin ar leibhéal na n-éileamh. Chun stair na n-éileamh iníoctha a mheas, áfach, ba cheart an sciar de na héilimh den sórt sin a dhéantar a riar faoi théarmaí polasaí athárachais an árachóra dhírigh a chur san áireamh. Mar shampla, i gcás ina bhfuil athárachas sáraithe cailteanais, dá ngairtear athárachas neamh-chomhréireach, ag an árachóir díreach, socraítear leibhéal na bpréimheanna lena gcumhdaítear cailteanais go dtí an cailteanas uasta atá cumhdaithe faoin bpolasaí athárachais móide an phréimh athárachais nach mór dó a íoc. Faoi pholasaí athárachais chomhréirigh, socraíonn an t-árachóir díreach na préimheanna lena gcumhdaítear an céatadán de phréimheanna nach mór dó a íoc móide an phréimh athárachais.
- 16.40 Slí eile le héilimh thabhairthe a choigeartú i leith luaineachta is ea úsáid a bhaint as sonraí cuntasáíochta maidir leis an athrú ar chistí dílse agus ar chúlchistí comhionannaithe. Is ionann na cistí comhionannaithe agus suimeanna a chuireann na hárachóirí i leataobh i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla nó riaracháin chun éilimh mhóra neamhrialtá nó dhothuartha a chumhdach sa todhchaí. Áirítear na suimeanna den sórt sin faoi chúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil (AF.61).

Sochair dhlite in árachas saoil

- 16.41 Is ionann sochair dhlite in árachas saoil agus na suimeanna atá iníoctha faoin bpolasaí sa tréimhse chuntasáíochta lena mbaineann. Is gnách nach mbíonn gá, i gcás árachais saoil, le choigeartú i leith luaineachta gan choinne.
- 16.42 Níor cheart aon chostais a bhaineann le sochair a áireamh faoi na sochair dhlite, ach iad a thaifeadh mar thomhaltas idirmheánach agus costais saothair.

Cúlchistí teicniúla árachais

- 16.43 *Sainmhíniú:* is ionann cúlchistí teicniúla árachais agus na suimeanna a chuireann na hárachóirí i leataobh. Is sócmhainní do na sealbhóirí polasaithe agus dliteanais do na hárachóirí iad na cúlchistí. Is féidir idirdhealú a dhéanamh sna cúlchistí teicniúla idir árachas neamhshaoil, árachas saoil agus blianachtaí.
- 16.44 I gcomhréir le Treoir 91/674/CCE ón gComhairle⁽¹⁾, déantar idirdhealú idir seacht gcineál cúlchistí teicniúla. I ngach cás ar leith, déantar an tsuim i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh, an tsuim arna géilleadh d'athárachóirí agus an tsuim i bhfoirm ghlan a thaispeáint sa chlár comhardaithe. Seo a leanas na seacht gcatagóir:

- (a) cúlchiste préimheanna neamhthuillte — an difríocht idir préimheanna scríofa agus préimheanna tuillte. Ag brath ar an reachtaíocht náisiúnta, féadfar gné ar leith a bhaineann le rioscaí neamhchaite a áireamh sa chúlchiste seo;

⁽¹⁾ Treoir 91/674/CCE ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite ghnóthais árachais (IO L 374, 31.12.1991, lch. 7).

- (b) cúlchistí árachais saoil — léirítear le cúlchistí den sórt sin luach láithreach na sochar a bhfuil súil leo sa todhchaí (lena n-áirítear bónaís dhearbhaithe ach gan a bheith teoranta dóibh) lúide luach láithreach préimheanna todhchaí. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta uasteorainn a shocrú maidir leis an ráta lascaine a úsáidtear chun an luach láithreach a ríomh;
- (c) cúlchistí i gcomhair éileamh gan íoc — an difríocht idir éilimh thabhaithe agus éilimh íoctha. Tá an cúlchiste seo cothrom leis an gcostas deiridh measta iomlán do ghnóthas árachais as gach éileamh a thig ó theagmhais a tharla go dtí deireadh na bliana airgeadais a shocrú, bíodh na héilimh sin tuairiscithe nó ná bíodh, lúide suimeanna atá íoctha cheana féin i leith na n-éileamh sin;
- (d) cúlchiste bónaís agus lacáistí (mura bhfuil sé cuimsithe faoin gcatagóir dá dtagraítear i bpointe (b)) — lena n-áirítear na suimeanna atá ceaptha do shealbhóirí polasaithe nó do thairbhíthe conartha trí mheán bónaís agus lacáistí, a mhéid is nár cuireadh na suimeanna sin chun sochar sealbhóirí polasaithe ná tairbhíthe conartha cheana féin;
- (e) cúlchiste comhionannaithe — aon suimeanna a cuireadh i leataobh agus ceanglais dhlíthiúla nó riaracháin á gcomhlíonadh chun luaineachtaí i gcóimheasa cailteanais a chomhionannú sna blianta atá le teacht nó chun foráil a dhéanamh maidir le rioscaí speisialta. Féadfaidh údaráis náisiúnta cosc a chur le cúlchiste den sórt sin;
- (f) cúlchistí teicniúla eile — áirítear iontu, *inter alia*, an cúlchiste rioscaí neamhchaite mura bhfuil sé san áireamh faoin gcatagóir dá dtagraítear i bpointe (a). D'fhéadfaí a áireamh freisin cúlchistí aosaithe ag cur san áireamh an éifeacht atá ag an aosú ar shuimeanna na n-éileamh, e.g. árachas sláinte;
- (g) cúlchistí teicniúla i gcomhair polasaithe árachais saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ar na sealbhóirí polasaithe. Cuimsítear faoin ítim seo cúlchistí teicniúla arna gcomhdhéanamh chun dliteanais i leith sealbhóirí polasaithe a chumhdach i gcomhthéacs polasaithe árachais saoil nuair a dhéantar luach an toraidh a shocrú trí thagairt d'infheistíochtaí arb ar an sealbhóir polasaí atá an riosca ina leith, nó trí thagairt do threoirnasc, mar atá le hárachas saoil treoirnasc. Cuimseoidh an ítim sin freisin na cúlchistí teicniúla a bhaineann le tointíní.

16.45 Ní ceart gnóthachain agus cailteanais réadaithe agus neamhréadaithe sealúchais a áireamh chun athruithe ar na cúlchistí teicniúla árachais (F.61 agus F.62), arna n-úsáid chun aschur a ríomh, a dhíorthú.

Aschur árachais a shainiú

16.46 Soláthraíonn árachóirí seirbhís árachais dá gcliaint, ach ní ghearrann siad táille as an tseirbhís sin go sainráite.

16.47 Déanann an t-árachóir préimheanna a bhailiú agus éilimh nó sochair a íoc nuair a tharlaíonn teagmhas árachaithe. Tugann na héilimh nó na sochair cúiteamh don tairbhí as na hiarmhairtí airgeadais atá ag an teagmhas árachaithe.

16.48 Is cistí iad na cistí teicniúla árachais a úsáideann árachóirí chun ioncam a infheistiú agus a thuilleamh. Féachtar ar na cistí den sórt sin agus ar an ioncam comhfhreagrach ó infheistíocht (forlíontaí préimhe) mar dhliteanas i leith na dtairbhíthe.

16.49 Sa chuid seo den Chaibidil déantar cur síos ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun an t-aschur a ríomh le haghaidh seirbhísí árachais dhírigh agus seirbhísí athárachais.

Árachais neamhshaoil

16.50 Is ionann aschur an árachóra agus an tseirbhís a sholáthraítear do na tairbhíthe.

16.51 Má tá cur chuige ionchais in úsáid, is í seo a leanas an fhoirmle chun aschur a ríomh:

préimheanna tuillte

móide forlíontaí préimhe

lúide éilimh thabhaithe choigeartaithe;

i gcás ina gceartaítear éilimh thabhaithe choigeartaithe chun luaineacht na n-éileamh a chur san áireamh ag úsáid sonraí stairiúla nó sonraí cuntasáíochta faoi athruithe ar na cúlchistí comhionannaithe agus ar na cistí dílse. Tá níos lú luaineachta ag baint le forlíontaí préimhe i gcomparáid le héilimh, agus níl aon ghá le choigeartú i leith luaineachta. Chun meastachán a dhéanamh ar éilimh choigeartaithe, déantar an fhaisnéis a mhiondealú de réir táirge, mar shampla mótarárachas, árachas foirgneamh, etc.

Mura bhfuil na sonraí cuntasáíochta riachtanacha ar fáil agus murar leor na sonraí staidrimh stairiúla chun meánmheastacháin réasúnta ar an aschur a dhéanamh, féadfar aschur an árachais neamhshaoil a mheas mar shuim na gcostas (lena n-áirítear costais idirmeánacha, costais saothair agus caipítíl) móide liúntas le haghaidh “gnáthbhrabús”.

Árachas saoil

16.52 Déantar aschur árachais saoil dhírigh a ríomh ar leithligh mar seo a leanas:

préimheanna tuillte

móide forlíontaí préimhe

lúide sochair dhlite

lúide méaduithe (*móide* laghduithe) ar chúlchistí teicniúla agus ar árachas le brabús.

16.53 Mura bhfuil a ndóthain sonraí ar fáil chun árachas saoil a ríomh de réir na foirmle seo, úsáidfead cur chuige bunaithe ar shuim na gcostas, cosúil leis an gcur chuige sin a gcuirtear síos air le haghaidh árachais neamhshaoil. Mar a dhéantar i gcás árachais neamhshaoil, ní mór líuntas le haghaidh gnáthbhrabús a áireamh.

16.54 Ní ceart gnóthachain agus cailteanais sealúchais a áireamh sa ríomh ar aschur.

Athárachas

16.55 Tá an fhoirmle chun aschur seirbhísí athárachais a ríomh ar aon dul leis an bhfoirmle a úsáidtear le haghaidh árachais dhírigh. Mar sin féin, cé gurb é príomhaidhm an athárachais teorainn a chur le neamhchosaint an árachóra dhírigh ar riosca, déileáil an athárachóir le héilimh mhóra as cuimse mar chuid dá ghnó ó lá go lá. Ar an gcúis sin, agus toisc go bhfuil an margadh athárachais teoranta do líon réasúnta beag de ghnóthais mhóra ar fud an domhain, is lú an seans go mbeadh cailteanas mór gan choinne ar an athárachóir i gcomparáid le hárachóir díreach, agus go háirithe i gcás athárachais sáraithe cailteanais.

16.56 Déantar aschur athárachais a thomhas sa tslí chéanna a thomhastar aschur árachais dhírigh neamhshaoil. Tá roinnt íocaíochtaí ann, áfach, nach mbaineann ach le hathárachas amháin. Is iad íocaíochtaí den sórt sin coimisiúin atá iníoctha leis an árachóir díreach faoi *athárachas comhréireach* agus roinnt an bhrabúis faoi athárachas *sáraithe cailteanais*. Nuair a chuirtear na híocaíochtaí sin san áireamh is féidir aschur athárachais a ríomh mar seo a leanas:

préimheanna tuillte lúide coimisiúin iníoctha

móide forlíontaí préimhe

lúide éilimh thabhairthe choigeartaithe agus roinnt an bhrabúis.

IDIRBHEARTA A BHAINNEANN LE hÁRACHAS NEAMHSHAOIL

16.57 Déantar cur síos sa chuid seo den Chaibidil ar an tsraith iontrálacha ina dtaifeadtar na himpleachtaí a bhíonn ag polasaí árachais neamhshaoil. Féadfaidh gnóthais, teaghlaigh mar dhaoine aonair agus aonaid sa chuid eile den domhan polasaithe a bhaint amach. Nuair atá polasaí a bhaineann ball de theaghlach amach cáilithe mar árachas sóisialta, áfach, is iad na hiontrálacha a theastaíonn na cinn a ndéantar cur síos orthu i gCaibidil 17.

Aschur árachais a leithdháileadh ar úsáideoirí

16.58 Tá tuairisc i mír 16.51 ar aschur árachóirí neamhshaoil. Déantar luach aschur na n-árachóirí a thaifeadadh mar úsáid mar seo a leanas:

(a) tomhaltas idirmheánach gnóthas, lena n-áirítear na hearnálacha seo a leanas: corparáidí neamhairgeadais (S.11), corparáidí airgeadais (S.12), rialtas ginearálta (S.13), teaghlaigh mar fhostóirí (S.141) agus oibrithe féinchuntais (S.142), nó institiúidí neamhbhrabús a fhónann do theaghlaigh (S.15);

(b) caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach mar dhaoine aonair (S.143 agus S.144); nó

(c) onnmhairí chuig sealbhóirí polasaithe neamhchónaitheacha (S.2).

16.59 Déantar luach an aschuir a leithdháileadh ar úsáideoirí de réir cineáil árachais.

16.60 Rogha eile is ea luach an aschuir a leithdháileadh mar úsáid ar shealbhóirí polasaithe i gcomhréir leis na préimheanna iarbhir atá iníoctha acu.

16.61 Déantar leithdháileadh an aschuir ar thomhaltas idirmheánach a mhiondealú de réir tionscail.

Seirbhísí árachais arna soláthar don chuid eile den domhan agus arna soláthar ag an gcuid eile den domhan

16.62 Féadfaidh árachóirí cónaitheacha cumhdach árachais a sholáthar do theaghlaigh agus do ghnóthais sa chuid eile den domhan, agus féadfaidh teaghlaigh agus gnóthais chónaitheacha cumhdach árachais a cheannach ó árachóirí sa chuid eile den domhan. Áirítear leithdháileadh ar shealbhóirí polasaithe sa chuid eile den domhan san ioncam ó infheistíocht atá curtha i leith sealbhóirí polasaithe ag árachóirí cónaitheacha. Íocann na sealbhóirí den sórt sin polasaithe neamhchónaitheacha sin forlíontaí préimhe leis an árachóir cónaitheach freisin.

16.63 Baineann comaoineacha dá samhail freisin leis an tslí ina bhféachtar ar ghnóthais chónaitheacha agus ar theaghlaigh chónaitheacha a fhaigheann polasaithe ó árachóirí neamhchónaitheacha. Faighteann sealbhóirí polasaithe cónaitheacha ioncam barúlach ó infheistíocht ón gcoigríoch agus íocann siad préimheanna agus forlíontaí leis an gcoigríoch. Is deacair méid na sreafaí den sórt sin a mheas, go háirithe nuair nach bhfuil aon árachóir cónaitheach ann le cur i gcomparáid. Is féidir sonraí contrapháirte a úsáid chun meastacháin a dhéanamh don gheilleagar náisiúnta. Is gá leibhéal na n-idirbheart i measc cónaitheach a bheith ar eolas agus is féidir cóimheas idir forlíontaí préimhe agus préimheanna iarbhrí sa gheilleagar a sholáthraíonn na seirbhísí a úsáid chun an t-ioncam infhála ó infheistíocht agus forlíontaí préimhe iníoctha a mheas.

Na hiontrálacha cuntasaíochta

16.64 Déantar sé péire idirbheart san iomlán a thaifeadh maidir le hárachas neamhshaoil nach bhfuil mar chuid d'árachas sóisialta; dhá péire a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas na seirbhíse árachais a thomhas, trí péire a bhaineann le leithdháileadh agus péire amháin sa chuntas airgeadais. I gcásanna eisceachtúla, féadfar an seachtú idirbheart a bhaineann le leithdháileadh a thaifeadh sa chuntas caipitil. Déantar luach aschur na gníomhaíochta, an t-ioncam ó infheistíocht atá le cur i leith sealbhóirí polasaithe agus luach an mhuirir seirbhíse a ríomh go sonrach le haghaidh árachais neamhshaoil ar an modh a thuairiscítear thíos.

16.65 Seo a leanas na hidirbhearta táirgthe agus tomhaltais:

- (a) ós rud é gur árachóirí a dhéanann an ghníomhaíocht sin go léir de chuid na n-aonad institiúideach cónaitheach, déantar an t-aschur (P.1) a thaifeadh i gcuntas táirgeachta na n-árachóirí;
- (b) féadfaidh aon cheann d'earnálacha an gheilleagair nó na coda eile den domhan an tseirbhís a thomhailt; tá luach na seirbhíse iníoctha le hárachóirí. Is tomhaltas idirmheánach (P.2) iad íocaíochtaí a dhéanann gnóthais, agus déantar iad a thaifeadh ina gcuntas táirgeachta féin. Tá íocaíochtaí árachais a dhéanann teaghlaigh mar dhaoine aonair ionann le caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3) agus déantar iad a thaifeadh sa chuntas úsáide ioncaim. Déantar íocaíochtaí a dhéanann an chuid eile den domhan a thaifeadh mar onnmhairí seirbhíse (P.62) sa chuntas seachtach earraí agus seirbhíse.

16.66 Is ionann na hidirbhearta dáileacháin agus ioncam ó infheistíocht atá curtha i leith sealbhóirí polasaithe maidir le hárachas neamhshaoil, glanphréimheanna árachais neamhshaoil agus éilimh árachais:

- (a) déantar ioncam ó infheistíocht a thig as infheistíocht cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil a chur i leith sealbhóirí polasaithe (D.441). Dá bhrí sin, déantar é a thaifeadh mar shuim iníoctha ag árachóirí agus mar shuim infhála ag gach earnáil agus ag an gcuid eile den domhan. Déantar an t-ioncam ó infheistíocht a leithdháileadh i measc sealbhóirí polasaithe i gcomhréir lena gcúlchistí teicniúla neamhshaoil, nó de rogha air sin, i gcomhréir leis an bpréimh iarbhrí scríofa (iníoctha). Déantar suimeanna iníoctha agus infhála araon a thaifeadh sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha;
- (b) is iad glanphréimheanna árachais dhírigh neamhshaoil (D.711) na suimeanna préimheanna agus ioncaim ó infheistíocht a úsáidtear chun caiteachas na n-árachóirí a mhaoiniú. Déantar préimheanna den sórt sin a ríomh mar phréimheanna tuillte móide forlíontaí préimhe lúide luach aschuir na n-árachóirí. Déantar na glanphréimheanna sin a thaifeadh mar shuimeanna atá iníoctha ag gach earnáil den gheilleagar nó ag an gcuid eile den domhan agus mar shuimeanna infhála ag árachóirí. Déantar leithdháileadh na nglanphréimheanna idir earnálacha i gcomhréir le leithdháileadh an aschuir;
- (c) is ionann éilimh árachais dhírigh neamhshaoil (D.721) agus suimeanna a mbeidh árachóirí dlite a íoc leis an sealbhóir polasaí nuair a tharlaíonn teagmhas. Déantar na héilimh árachais a thaifeadh mar shuimeanna infhála ag gach earnáil den gheilleagar agus ag an gcuid eile den domhan agus mar shuimeanna iníoctha ag na hárachóirí. Déantar glanphréimheanna agus éilimh araon a thaifeadh sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim. Tagann roinnt éileamh chun cinn toisc go ndéanann an sealbhóir polasaí dochar nó díobháil do mhaoin nó do phearsana tríú páirtithe. Sna cásanna sin, déantar éilimh bhailí a thaifeadh mar shuimeanna atá iníoctha ag an árachóir díreach leis na páirtithe díobháilithe seachas go hindíreach tríd an sealbhóir polasaí;
- (d) is aistrithe eile caipitil (D.99) seachas aistrithe reatha iad éilimh a thagann ó chaillteanais i ngeall ar thubaistí, agus déantar iad a thaifeadh sa chuntas caipitil mar shuimeanna atá iníoctha ag árachóirí leis na sealbhóirí polasaithe;
- (e) déantar na cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil (AF.61) a thaifeadh sa chlár comhardaithe airgeadais. Déantar na cúlchistí den sórt sin a thaifeadh mar dhliteanais ag árachóirí agus mar shócmhainní ag gach earnáil agus ag an gcuid eile den domhan. Is éard atá sna cúlchistí sin réamhíocaíochtaí préimheanna agus íocaíochtaí éileamh. Ní gá an chatagóir sin a mhiondealú, cé go dteastaíonn an dá eilimint chun préimheanna tuillte agus éilimh thabhairte a ríomh.

16.67 Taispeántar sampla de na taifid chuntasaíochta a bhaineann leis na sreafaí den sórt sin i dTábla 16.1.

IDIRBHEARTA ÁRACHAIS SAOIL

16.68 Tugtar tuairisc sa chuid seo den Chaibidil ar an difríocht idir na taifid i gcás árachais saoil agus na taifid i gcás árachais neamhshaoil. I gcás polasaí árachais saoil, déantar na sochair ón bpolasaí a láimhseáil mar athruithe ar rachmas, agus taifeadtar iad sa chuntas airgeadais. I gcás polasaí a cháilíonn mar árachas sóisialta, déantar na sochair i bhfoirm pinsean a thaifeadadh mar ioncam sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim. Is é an chúis leis an tslí dhifriúil ina láimhseáiltear iad ná gur ar thioscnamh an tsealbhora polasaí go hiomlán a bhaintear amach polasaí árachais seachas polasaí árachais shóisialta. I gcás polasaithe a cháilíonn mar árachas sóisialta, tá gné iontu trína léirítear idirghabháil tríú páirtí, an rialtas nó fostóir de ghnáth, a spreagann nó a chuireann dualgas ar an sealbhoir polasaí cúlchiste a chruthú i gcomhair ioncaim scoir. Tugtar tuairisc ar árachas sóisialta i gCaibidil 17.

16.69 Is ionann sealbhoir polasaí árachais saoil agus duine aonair a aicmítear in earnáil na dteaghlach (S.143 nó S.144). Má fhaigheann cuideachta polasaí árachais ar shaol fostaí, is árachas téarma atá i gceist leis sin, agus ní árachas saoil. Mar sin, ní dhéantar idirbhearta árachais saoil ach idir árachóirí (a aicmítear i bhfo-earnáil na gcorparáidí árachais — S.128) agus teaghlaigh chónaitheacha mar dhaoine aonair (S.143 agus S.144), ach amháin má dhéantar iad a onnmhairiú chuig teaghlaigh neamhchónaitheacha (a aicmítear sa chuid eile den domhan — S.2). Déantar luach an aschuir árachais saoil a mheaitseáil leis an luach ar chaitechas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach agus onnmhairí seirbhísí, ag úsáid an cur chuige céanna a úsáidtear i gcás árachais neamhshaoil. Déantar an t-ioncam ó infheistíocht atá curtha i leith sealbhoirí polasaithe árachais a láimhseáil mar fhorlíontaí préimhe. Ní thaispeántar préimheanna agus éilimh ar bhonn leithligh i gcás árachais saoil, áfach, agus ní dhéantar iad a láimhseáil mar aistriúthe reatha. Is amhlaidh gur éilimintí iad d'idirbheart glan arna thaifeadadh sa chuntas airgeadais, agus is teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta an tsócmhainn airgeadais atá i gceist.

16.70 Déantar ceithre phéire idirbheart a thaifeadadh sna cuntais; baineann dhá phéire le táirgeadh agus tomhaltas na seirbhíse árachais, taispeánann péire amháin an t-ioncam ó infheistíocht curtha i leith na sealbhoirí polasaithe agus taispeánann péire eile an t-athrú ar theidlíochtaí árachais saoil agus blianachta:

- (a) déantar aschur (P.1) an árachais saoil a thaifeadadh sa chuntas táirgeachta le haghaidh na n-árachóirí;
- (b) déantar luach na seirbhísí arna dtomhailt a thaifeadadh mar chaitechas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3) na dteaghlach sa chuntas úsáide ioncaim indiúscartha nó i bhfoirm atá iníoctha ag an gcuid eile den domhan, agus déantar é a láimhseáil mar onnmhairí seirbhísí (P.62) chuig teaghlaigh neamhchónaitheacha. Is ionann íocaíochtaí a dhéanann teaghlaigh le hárachóirí neamhchónaitheacha agus allmhairí seirbhísí (P.72);
- (c) déantar ioncam ó infheistíocht arna thuilleadh as infheistíocht cúlchistí teicniúla árachais saoil atá curtha i leith sealbhoirí polasaithe (D.441) a thaifeadadh sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha. Láimhseáiltear bónaís a dearbhaíodh maidir le polasaithe saoil mar bhónaís atá leithdháilte ar shealbhoirí polasaithe fiú má sháraíonn siad an t-ioncam ó infheistíocht a thuill an institiúid a bhfuil an bónaís á dhearbhu aici. Déantar an t-ioncam ó infheistíocht a thaifeadadh mar shuim atá iníoctha ag árachóirí agus infhála ag teaghlaigh chónaitheacha nó ag teaghlaigh neamhchónaitheacha sa chuid eile den domhan. Déantar an t-ioncam ó infheistíocht a leithdháilte ar shealbhoirí polasaithe i gcomhréir lena gcúlchistí teicniúla neamhshaoil, nó, mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, i gcomhréir leis na préimheanna scríofa;
- (d) déantar cúlchistí teicniúla árachais saoil agus teidlíochtaí blianachta (AF.62) a iontráil sa chlár comhardaithe airgeadais. Déantar na cúlchistí den sórt sin a thaifeadadh mar dhliteanas ag árachóirí agus mar shócmhainní ag teaghlaigh agus ag an gcuid eile den domhan. Léiríonn na suimeanna sin an nádúr coigiltis atá sna polasaithe árachais saoil. Áirítear leis sin réamhíocaíochtaí préimheanna agus íocaíochtaí sochar. Ní gá an chatagóir sin a mhiondealú, cé go dteastaíonn an dá eilimint chun préimheanna tuille agus sochair dhlite a ríomh.

16.71 Léiríonn cúlchistí teicniúla árachais saoil agus teidlíochtaí blianachta polasaithe a mbíonn cnapshuim ar dháta áirithe mar thoradh orthu. Féadfar an cnapshuim a úsáid chun blianacht a cheannach, blianacht lena ndéantar cnapshuim a thiontú go sruth íocaíochtaí. Maidir le teidlíochtaí coinníollacha na sealbhoirí polasaithe aonair — an tsuim infhála tráth na haibíochta nó ina dhiaidh sin mar íocaíocht cnapshuime nó mar bhlianacht — ní chomhiomlánaíonn siad go dtí an luach atá ar oibleagáidí an árachóra. Eascraíonn an difríocht sin ón gcoinníollacht agus ón ríomh ar an luach láithreach. Déantar an tsuim atá le tuairisciú faoi theidlíochtaí árachais saoil agus blianachta a shainiú de réir phrionsabail chuntasaíochta na n-árachóirí.

16.72 Taispeántar sampla de na sreafaí den sórt sin i dTábla 16.2.

Tábla 16.2 Árachas Saoil


Iomlán	Úsáidí nó Sócmhainní						Acmhainní nó Diteanais						Iomlán
	S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11	S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1	
	lontrálacha Comhfh-reagraa an chuntais chuntas						lontrálacha Comhfh-reagraa an chuntais chuntas						
	Farral agus Seirbhísi						Farral agus Seirbhísi						
	na coda eile den domhain						na coda eile den domhain						
	Gelleagar iomlán						Gelleagar iomlán						
	INBT-anna						INBT-anna						
	Teaghlai gh						Teaghlai gh						
	Riataas gnearála						Riataas gnearála						
	Corparáidí airgeadais						Corparáidí airgeadais						
	neamhairgeadais						neamhairgeadais						
	Corparáidí						Corparáidí						
	Idirbhearta agus áití comhardaithe						Idirbhearta agus áití comhardaithe						
	<i>Cuntas seachtarach</i>						<i>Cuntas seachtarach</i>						
	P.62 Onmhairí seirbhísi						P.62 Onmhairí seirbhísi						
	P.72 Allmhairí seirbhísi						P.72 Allmhairí seirbhísi						
	P.1 <i>Cuntas tairgeachta</i>						P.1 <i>Cuntas tairgeachta</i>						
	Aschur						Aschur						
	D.441 <i>Cuntas dáite ioncaim phríomha</i>						D.441 <i>Cuntas dáite ioncaim phríomha</i>						
	loncam ó mhaoin atá inchurtha i leith sealbhóir						loncam ó mhaoin atá inchurtha i leith sealbhóir						
	polasaithe árachais						polasaithe árachais						
	<i>Cuntas úsáide ioncaim</i>						<i>Cuntas úsáide ioncaim</i>						
	indiuscartha						indiuscartha						
	P.3 Cateachas ar thomhaltas críochmaitheach						P.3 Cateachas ar thomhaltas críochmaitheach						
	<i>Ciar comhardaithe airgeadais</i>						<i>Ciar comhardaithe airgeadais</i>						
	(tosaigh)						(tosaigh)						
	AF.62 Cúlchistí teicniúla árachais saoil						AF.62 Cúlchistí teicniúla árachais saoil						
	221	0	221	221			221	221				221	221
	<i>Ciar comhardaithe airgeadais</i>						<i>Ciar comhardaithe airgeadais</i>						
	(deiridh)						(deiridh)						
	AF.62 Cúlchistí teicniúla árachais saoil						AF.62 Cúlchistí teicniúla árachais saoil						
	243	0	243	243			243	243				243	243
	<i>Idirbheart airgeadais</i>						<i>Idirbheart airgeadais</i>						
	F.62 Cúlchistí teicniúla árachais saoil						F.62 Cúlchistí teicniúla árachais saoil						
	22	0	22	22			22	22				22	22
	<i>Cuntas athluachála</i>						<i>Cuntas athluachála</i>						
	AF.62 Cúlchistí teicniúla árachais saoil						AF.62 Cúlchistí teicniúla árachais saoil						
	0	0	0	0			0	0				0	0

IDIRBHEARTA A BHAINNEAN LE HATHÁRACHAS

- 16.73 Is ionann den chuid is mó cuntais na n-athárachóirí agus cuntais na n-árachóirí díreacha. Is é an t-aon difríocht go gcuirtear idirbhearta árachais idir athárachóirí agus árachóirí díreacha in ionad na n-idirbheart árachais dhírigh le sealbhóirí polasaithe nach soláthróirí árachais iad féin.
- 16.74 Déantar na hidirbhearta árachais a thaifeadh i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh. Bíonn na préimheanna iníoctha ar dtús leis an árachóir díreach a fhéadfaidh céatadán den phréimh a íoc leis an athárachóir (géilleadh), a d'fhéadfaidh ansin suim níos lú a íoc le hathárachóir eile, agus mar sin de (aisghéilleadh). Ar aon dul leis sin, tarlaíonn an rud céanna d'éilimh agus do shochair. Tá an láimhseáil chomhlán i gcomhréir le dearcadh an tsealbhóra polasaí bhunaidh. Ní gnách a bhíonn an sealbhóir polasaí sin ar an eolas faoi aon suim arna géilleadh ag an árachóir díreach d'athárachóir agus, i gcás ina ndéantar féimheach den athárachóir, beidh an t-árachóir díreach dlite fós suim iomlán na n-éileamh ar rioscaí géillte a íoc.
- 16.75 Déantar an t-aschur árachais dhírigh a ríomh i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh. Rogha eile é a ríomh i bhfoirm ghlan, gan athárachas a áireamh, lena dtaispeánfaí cuid de phréimheanna na sealbhóirí polasaithe díreacha atá íoctha leis an árachóir díreach agus cuid eile leis an athárachóir, ach ní cheadaítear an modh taifeadta sin, dá ngairtear "taifeadh glan".

Léirítear an próiseas sin i sreabhchairt 1.

Sreabhchairt 1 — Sreafaí sealbhóirí polasaithe, árachóirí díreacha agus athárachóirí



16.76 Tá achoimre tugtha i Sreabhchairt 1 ar na sreafaí seo a leanas:

- 1 íocann an sealbhóir polasaí an phréimh i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh, leis an árachóir díreach (1a), agus géilltear an chuid athárachais den phréimh chomhlán don athárachóir (1b);
 - 2 ar an gcaoi chéanna, déantar íocaíocht an éilimh a thaifeadh, ach sa treo eile. Is é an t-athárachóir a íocann an t-éileamh leis an árachóir díreach (2b). Cuireann an t-árachóir díreach a éileamh féin a íocadh leis an sealbhóir polasaí (2a) leis an tsuim sin;
 - 3 thuill an t-árachóir díreach agus an t-athárachóir ioncam ó mhaoin trína gcúlchistí teicniúla a infheistiú. Aistríonn an t-athárachóir an t-ioncam maoine go dtí an t-árachóir díreach (3b) agus suimíonn an t-árachóir díreach an tsuim sin leis an ioncam a thuill sé féin ó mhaoin agus athdháileann sé é ar an sealbhóir polasaí (3a).
- 16.77 Déantar na suimeanna comhfhreagracha sna sreafaí idir an t-árachóir díreach agus an t-athárachóir a áireamh sna sreafaí comhlána uile idir an sealbhóir polasaí agus an t-árachóir díreach; léirítear an méid sin le saigheada níos tibhe sa sreabhchairt.
- 16.78 Mar a tharlaíonn i gcás árachais dhírigh, mar shampla tar éis mórthubaiste catastróifí, déantar cuid de na héilimh athárachais a thaifeadh mar aistrithe caipitil seachas mar aistrithe reatha.
- 16.79 Is ionann aschur iomlán an athárachóra agus tomhaltas idirmheánach an árachóra dhírigh a bhfuil an polasaí athárachais ina sheilbh aige. Mar a tugadh faoi deara thuas, polasaithe idir árachóirí atá cónaitheach i ngeilleagair dhifriúla a bhíonn in go leor polasaithe athárachais. Ar an dóigh sin, tá luach an aschuir sna cásanna den sórt sin in ionannas le hallmhairí ag an árachóir a bhaineann amach an polasaí athárachais agus le honnmhairí ag an athárachóir.
- 16.80 Tá taifeadh na sreafaí a bhaineann le hathárachas cosúil leis an taifeadh i gcás árachais neamhshaoil ach gur árachóir eile a bhíonn sa sealbhóir polasaí athárachais i gcónaí.
- 16.81 Seo a leanas na hidirbhearta táirgthe agus tomhaltais:

- (a) taifeadtar an t-aschur (P.1) i gcutas táirgeachta na n-athárachóirí. Is minic a sholáthraíonn athárachóirí neamhchónaitheacha seirbhísí athárachais agus, sna cásanna den sórt sin, taifeadtar na seirbhísí athárachais mar allmhairí seirbhísí (P.72);

- (b) is árachóir díreach nó atharachóir eile amháin is féidir leis seirbhísí an atharachóra a thomhailt. Más sealbhóir polasaí cónaitheach atá ann, déantar úsáid na seirbhíse atharachais a thaifeadh mar thomhaltas idirmheánach (P.2) de chuid an tsealbhóra polasaí sin. Más sealbhóir polasaí neamhchónaitheach atá ann, déantar an úsáid a thaifeadh mar onnmhairí seirbhísí (P.62).
- 16.82 Cuimsíonn na hidirbhearta dáileacháin ioncam ó infheistíocht atá curtha i leith sealbhóirí polasaithe maidir le hatharachas, glanphréimheanna atharachais agus éilimh atharachais:
- (a) i gcás ioncaim ó infheistíocht (D.441) arna thuilleamh ag atharachóirí ó chistí teicniúla atharachais a infheistiú, tá sé iníoctha le sealbhóirí polasaithe, bídis ina n-árachóirí díreacha nó ina n-atharachóirí. Féadfaidh atharachóirí agus árachóirí díreacha a bheith cónaitheach nó neamhchónaitheach;
- (b) tá glanphréimheanna atharachais neamhshaoil (D.712) iníoctha ag sealbhóirí polasaithe agus infhála ag atharachóirí. D'fhéadfadh ceachtar den dá aonad atá chun an íocaíocht a dhéanamh nó a fháil a bheith neamhchónaitheach;
- (c) tá éilimh atharachais neamhshaoil (D.722) iníoctha ag atharachóirí agus infhála ag sealbhóirí polasaithe, bídis cónaitheach nó neamhchónaitheach. Déantar glanphréimheanna agus éilimh araon a thaifeadh sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim;
- (d) déantar na cúlchistí teicniúla atharachais a thaifeadh sa chlár comhardaithe airgeadais (faoi AF.61 "cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil"). Déantar na cúlchistí den sórt sin a thaifeadh mar dhliteanas ag na hatharachóirí agus mar shócmhainn ag na sealbhóirí polasaithe. Féadfaidh sealbhóirí polasaithe bheith ina n-árachóirí díreacha nó ina n-atharachóirí.
- 16.83 Déantar na coimisiúin atá iníoctha ag atharachóirí leis an árachóir a bhfuil an polasaí atharachais ina sheilbh aige a láimhseáil mar laghdú ar na préimheanna iníoctha leis na hatharachóirí. Déantar roinnt an bhrabúis atá iníoctha ag an atharachóir leis an árachóir díreach a thaifeadh mar aistriú reatha. Cé go ndéantar iad a thaifeadh ar bhealaí difriúla, déanann coimisiúin iníoctha agus roinnt an bhrabúis araon aschur an atharachóra a laghdú.
- 16.84 Má dhéantar éilimh árachais dhíreach a láimhseáil mar aistrithe caipitil seachas mar aistrithe reatha, déantar na héilimh atharachais a bhaineann leis an teagmhas céanna a láimhseáil freisin mar aistrithe caipitil eile (D.99).

IDIRBHEARTA A BHAINNEAN LE CORPARÁIDÍ CÚNTACHA ÁRACHAIS

- 16.85 Déantar aschur seirbhísí cúntacha árachais a luacháil ar bhonn na dtáillí nó na gcoimisiúin arna ngearradh. I gcás institiúidí neamhbhrabúis a fheidhmíonn mar chomhlachais ghnó le haghaidh gnóthas árachais agus cistí pinsin, déantar a n-aschur a luacháil de réir shuímeanna na síntiús arna n-íoc ag comhaltaí na gcomhlachas. Úsáideann comhaltaí na gcomhlachas an t-aschur sin mar thomhaltas idirmheánach.

BLIANACHTAÍ

- 16.86 Is é an sampla is simplí de pholasaí árachais saoil nuair a dhéanann an sealbhóir polasaí sruth íocaíochtaí leis an árachóir le himeacht ama i gcomaoin íocaíochta amháin a fhaightear mar éileamh am éigin sa todhchaí. Is é an sampla is simplí de bhliantacht nuair a íocann coibhéis an tsealbhóra polasaí, dá ngairtear an bliantachtóir, aon chnapshuim amháin leis an árachóir i gcomaoin srutha íocaíochtaí feadh tréimhse ainmnithe nó feadh shaol iomlán an bhliantachóra, nó feadh shaol iomlán an bhliantachóra agus shaol iomlán duine eile ainmnithe.
- 16.87 Is iad na hárachóirí a eagraíonn bliantachtaí agus is modh bainistíochta riosca iad. Seachnaíonn an bliantachtóir riosca nuair a ghlacann sé le sruth íocaíochtaí aitheanta, i dtéarmaí iarbhir nó faoi réir foirmle, mar shruth treoirnais mar shampla, i gcomaoin íocaíochta amháin. Téann an t-árachóir i riosca níos mó a thuilleamh ón íocaíocht sin a infheistiú ná mar a íocfar leis an mbliantachtóir sa sruth íocaíochtaí. Cuirtear ionchas saoil san áireamh freisin agus an sruth íocaíochtaí á shocrú.
- 16.88 Nuair a thionscnaítear bliantacht, aistrítear cistí ón teaghlach chuig an árachóir. In go leor cásanna, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh i gceist leis sin ach "tar-rolladh" ó chnapshuim iníoctha ag an árachóir sin nó ag árachóir eile toisc gur tháinig gnáthpholasaí árachais saoil in aibíocht agus gur bliantacht é láithreach. Sa chás sin, ní gá íocaíocht na cnapshuíme agus an éadail bliantachta a thaifeadh; ní tharlóidh ach go mbeidh athrú ó chúlchistí árachais saoil go cúlchistí bliantachta i bhfo-earnáil an árachóra agus na gcistí pinsin. Má cheannaítear bliantacht neamhspleách ar theacht in aibíocht polasaí árachais saoil, déantar é sin a thaifeadh mar phéire idirbheart airgeadais idir an teaghlach agus an t-árachóir. Déanann an teaghlach íocaíocht leis an árachóir agus faigheann sé sócmhainn a thig ó théarmaí na bliantachta i gcomaoin na híocaíochta sin. Faigheann an t-árachóir sócmhainn airgeadais ón teaghlach agus tabhaíonn sé dliteanas ina leith.

16.89 Is amhlaidh go gcuireann bás deireadh le blianachtaí, tráth a n-aistrítear aon chúlchistí eile a bhaineann leis an mbliantóir sin chuig an árachóir. Má ghlactar leis, áfach, go ndearna an t-árachóir ionchas saoil a thuar go cruinn, le haghaidh an ghrúpa bliantóirí ina iomláine, beidh meánsuim na gcistí fágtha tar éis báis cothrom le neamhní. Má athraíonn an t-ionchas saoil, ní mór na cúlchistí a athbhreithniú. I gcás blianachtaí atá i bhfeidhm, má chuirtear síneadh leis an ionchas saoil laghdófar an tsuim a bheidh ar fáil ag an árachóir mar mhuirir seirbhíse, agus d'fhéadfadh an tsuim sin a bheith diúltach. I gcás den sórt sin, beidh ar an árachóir tarraingt ar a chistí dílse agus súil aige go mbeidh sé in ann iad a mhéadú arís sa todhchaí trí mhuirir seirbhíse níos airde a cheangal le blianachtaí nua.

ÉILIMH ÁRACHAIS NEAMHSHAOIL A THAIFEADADH

Éilimh choigeartaithe a láimhseáil

16.90 Is iondúil gurb ionann am taifeadta na n-éileamh tabhaithe agus an tráth a dtarlaíonn an teagmhas lena mbaineann. Cuirtear an príonsabal sin i bhfeidhm, i gcás éileamh a ndéantar díospóid fúthu, fiú nuair nach bhféadfaí teacht ar shocrú ach blianta fada tar éis an teagmhais lena mbaineann. Déantar eisceacht i gcásanna nuair nach dtuigtear gur féidir éileamh a dhéanamh go dtí tamall fada tar éis don teagmhas tarlú. Mar shampla, níor aithníodh sraith thábhachtach éileamh go dtí gur socraíodh go raibh neamhchosaint ar aispeist ina cúis le trombhreiteacht agus nuair a breithníodh gur tháinig éilimh chun cinn faoi pholasaí árachais a bhí bailí tráth na neamhchosanta. Sna cásanna sin, déantar an t-éileamh a thaifeadadh tráth a nglacann an chuideachta árachais leis an dliteanas. D'fhéadfadh an t-am taifeadta sin a bheith difriúil ón tráth a comhaontaíodh méid an éilimh nó ón tráth a n-íoctar an t-éileamh.

16.91 Toisc go n-úsáideann an fhoirmle le haghaidh aschuir éilimh choigeartaithe seachas éilimh iarbhír, ní bheidh glanphréimheanna agus éilimh cothrom i dtreimhse áirithe ach i gcás ina dtarlaíonn sé go bhfuil na luachanna céanna ar na héilimh iarbhír agus ar na héilimh ionchais. Ba cheart go mbeidís beagnach cothrom thar thréimhse blianta, gan bliain ina ndéantar tubaiste a thaifeadadh a áireamh.

Cailteanais i ngeall ar thubaistí a láimhseáil

16.92 Déantar éilimh a thaifeadadh mar aistrithe reatha atá iníoctha ag an árachóir leis an sealbhóir polasaí. Tá cás amháin ann ina ndéantar éilimh a thaifeadadh mar aistrithe caipitil eile (D.99) seachas aistrithe reatha agus is é sin i gcás mórthubaiste. Ní mór na critéir ar gá dóibh a bheith fíor chun éifeachtaí tubaiste a láimhseáil ar an dóigh sin a shocrú de réir imthosca náisiúnta, ach d'fhéadfadh baint a bheith ag na critéir sin freisin le líon na sealbhóirí polasaithe a ndeachaigh an tubaiste sin i bhfeidhm orthu agus an méid damáiste a rinneadh. Tagann an réasúnaíocht a bhaineann leis na héilimh a thaifeadadh mar aistrithe caipitil sa chás sin ón bhfíric go mbeidh baint ag cuid mhór de na héilimh le scrios sócmhainní amhail teaghaisí, foirgnimh agus déanmhais nó mórdhamaíste dóibh.

16.93 Tar éis tubaiste, déantar luach iomlán na n-éileamh sa bhreis ar na préimheanna a thaifeadadh mar aistriú caipitil ón árachóir chuig an sealbhóir polasaí. Déantar faisnéis faoi leibhéal na n-éileamh le riar faoi pholasaithe árachais a fháil ó thionscal an árachais. Mura bhféadfaidh tionscal an árachais an fhaisnéis sin a sholáthar, cur chuige amháin is féidir a úsáid chun leibhéal na n-éileamh a bhaineann le tubaiste a mheas is ea an difríocht idir na héilimh choigeartaithe agus na héilimh iarbhír i dtreimhse na tubaiste a úsáid.

CAIBIDIL 17

ÁRACHAS SÓISIALTA LENA n-ÁIRÍTEAR PINSIN

RÉAMHRÁ

- 17.01 *Sainmhíniú:* is ionann scéimeanna árachais shóisialta agus scéimeanna ina gcuireann tríú páirtí oibleagáid ar na rannpháirtithe sa scéim, nó ina spreagann sé iad, árachas a bhaint amach in aghaidh rioscaí sóisialta nó imthosca sóisialta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá leas nó do leas a gcleithiúnach. Sna scéimeanna den sórt sin, íocann fostaithe nó daoine eile ranníocaíochtaí sóisialta, nó íocann fostóirí iad thar ceann a bhfostaithe, chun teidlíocht sochar árachais shóisialta a urrú, sna tréimhsí reatha nó sna tréimhsí ina dhiaidh sin, dá bhfostaithe nó do ranníocóirí eile, dá gcleithiúnaithe nó do mharthanóirí. Féadfaidh daoine féinfhostaithe nó daoine neamhfhostaithe ranníocaíochtaí a dhéanamh le scéimeanna árachais shóisialta nó is féidir iad a íoc thar a gceann.
- 17.02 Tá dhá chineál scéimeanna árachais shóisialta ann:
- (a) is éard atá sa chéad chineál, scéimeanna árachais shóisialta a chuimsíonn an pobal ina iomláine nó codanna móra de, agus a fhorchuireann, a rialaíonn agus a mhaoiníonn aonaid rialtais. D'fhéadfadh pinsin atá infíoctha faoi na scéimeanna den sórt sin a bheith gaolmhar le leibhéal tuarastail na dtairbhíthe nó leis an stair fostaíochta nó d'fhéadfadh siad gan a bheith gaolmhar leo. Ní minic a bhíonn sochair neamhphínsean nasctha le leibhéal tuarastail;
- (b) is éard atá sa dara cineál, scéimeanna eile a bhaineann le fostaíocht. Eascraíonn na scéimeanna den sórt sin ó chaidreamh fostóra-fostaí maidir le soláthar teidlíochtaí pinsean agus, b'fhéidir, teidlíochtaí eile, atá mar chuid de na coinníollacha fostaíochta, ar scéimeanna iad nach mbíonn sé de fhreagracht ar an rialtas ginearálta sochair a sholáthar i bhfoirm soláthair shlándála shóisialta ina leith.
- 17.03 Tá éagsúlachtaí móra ann i raon feidhme na scéimeanna árachais shóisialta ó thír go tír, nó ó scéim go scéim laistigh den tír chéanna. Seo a leanas samplaí de scéimeanna den sórt sin:
- (a) cuireann an rialtas ginearálta ceangal ar gach fostaí páirt a ghlacadh i scéim slándála sóisialta;
- (b) leagann fostóirí síos é mar choinníoll fostaíochta go nglacfaidh fostaithe páirt i scéim árachais a bheidh sonraithe ag an bhfostóir;
- (c) spreagann fostóir a chuid fostaithe páirt a ghlacadh i scéim trí ranníocaíochtaí a dhéanamh thar ceann na bhfostaithe;
- (d) eagraíonn ceadchumann cumhdach árachais buntáisteach atá ar fáil do chomhaltaí an cheadchumainn amháin; nó
- (e) féadfar na scéimeanna eile seachas árachas sóisialta a shocrú le corparáid árachais i bhfoirm polasaí grúpa nó mar shraith polasaithe nó féadfaidh corparáid árachais bainistiú a dhéanamh orthu i gcomaoin táille. Nó féadfaidh fostóir bainistiú a dhéanamh ar na scéimeanna thar a cheann féin nó thar ceann a chuid fostaithe agus a gcleithiúnaithe nó féadfaidh daoine eile bainistiú a dhéanamh orthu thar ceann grúpa sonraithe.

Tábla 17.1 — Scéimeanna árachais shóisialta

Cineál árachais	Saintréithe	Cineál eagraíochta	Earnáil/Fo-earnáil
Slándáil shóisialta	Ceanglaíonn an rialtas ginearálta ar na rannpháirtithe árachú in aghaidh rioscaí áirithe sóisialta	Arna eagrú ag an rialtas ginearálta trí chistí árachais shóisialta	Cistí slándála sóisialta (S.1314)
Scéimeanna árachais shóisialta a bhaineann le fostaíocht seachas slándáil shóisialta	Féadfaidh fostóirí a leagan síos mar choinníoll fostaíochta go mbeidh fostaithe árachaithe in aghaidh rioscaí áirithe sóisialta	Arna eagrú ag fostóirí thar ceann a gcuid fostaithe agus a gcleithiúnaithe nó ag daoine eile thar ceann grúpa sonraithe	Earnáil nó fo-earnáil an fhostóra, na gcorparáidí árachais, na gcistí pinsin nó na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh

Scéimeanna árachais shóisialta, cúnaimh sóisialta agus polasaithe árachais aonair

- 17.04 Ní cuid d'árachas sóisialta é cúnaimh sóisialta. Íoctar sochair chúnaimh shóisialta neamhspleách ar rannpháirtíocht i scéim árachais shóisialta, i.e. ní gá ranníocaíochtaí cáilitheacha a dhéanamh le scéim árachais shóisialta.

- 17.05 Déantar idirdhealú idir cúnaimh sóisialta agus slándáil shóisialta maidir leis an gcáilitheacht chun sochair chúnaimh shóisialta a fháil ón rialtas ginearálta, agus ní bhraitheann sé ar rogha a dhéanamh páirt a ghlacadh ann trí ranníocaíochtaí a íoc. Is gnách go mbíonn gach ball de theaghlach cónaitheach i dteideal iarratas a dhéanamh ar chúnaimh shóisialta ach is minic nach ndéonaítear é ach faoi choinníollacha srianta. Is minic a dhéantar measúnú ar ioncam atá ar fáil, lena n-áirítear sochair árachais shóisialta, i ndáil le riachtanais mheabhairbhraite teaghlaigh. Ní fhéadfaidh ach na teaghlaigh sin a thiteann faoi thairseach áirithe a bheith i dteideal an chineáil chúnaimh shóisialta sin a fháil.
- 17.06 Cáilíonn polasaithe árachais aonair mar scéimeanna árachais shóisialta má chumhdaíonn siad rioscaí sóisialta agus riachtanais shóisialta ar nós breoiteachta agus seanaoise. Le go láimhseálfar polasaí aonair mar chuid de scéim árachais shóisialta, beidh na teagmhais agus na himthosca a bhfuil na rannpháirtithe árachaithe ina n-aghaidh ag freagairt do na rioscaí nó na riachtanais atá liostaithe i mír 4.84; ina theannta sin, comhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) tá rannpháirtíocht sa scéim éigeantach faoin dlí nó faoi théarmaí agus coinníollacha fostaíochta fostaí, nó grúpa fostaíthe;
 - (b) is scéim chomhchoiteann í agus oibrítear í ar mhaithe le grúpa ainmnithe oibrithe, bíodh siad fostaíthe, féinfhostaíthe nó neamhfhostaithe, agus tá rannpháirtíocht srianta do bhaill an ghrúpa sin;
 - (c) déanann fostóir ranníocaíocht (iarbhír nó bharúlach) sa scéim thar ceann fostaí, is cuma an ndéanann an fostaí ranníocaíocht sa scéim freisin nó nach ndéanann.
- 17.07 Ní áirítear mar árachas sóisialta éilimh árachais ar pholasaithe nár baineadh amach ach chun lascaine a fháil, fiú má leanann na polasaithe sin ó chomhaontú comhchoiteann. Déantar na polasaithe árachais aonair den sórt sin a thairseadadh mar árachas saoil agus árachas neamhshaoil. Ní áirítear mar árachas sóisialta ach an oiread éilimh árachais ar pholasaithe nár baineadh amach ach ar thionscnamh an áracháí féin amháin, neamhspleách ar a fhostóir nó ar an rialtas.

Sochair Shóisialta

- 17.08 Bíonn sochair shóisialta iníoctha nuair a tharlaíonn teagmhais áirithe, nó nuair a bhíonn coinníollacha áirithe i réim, a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar leas na dteaghlach lena mbaineann trí éilimh bhreise a chur ar a gcuid acmhainní nó trína n-ioncain a laghdú. Cuirtear sochair shóisialta ar fáil in airgead nó i gcomhchineál. Tá roinnt dálaí ann ina mbíonn sochair shóisialta iníoctha:
- (a) i gcás ina dteastaíonn cóir leighis, fiacloireachta nó cóireáil eile, nó cúram ospidéal, téarnaimh nó fadtéarmach ó na tairbhíthe nó a gcleithiúnaithe, mar thoradh ar bhreioiteacht, gortuithe, máithreachas, easláine ainsealach, seanaois, etc. D'fhéadfaí na sochair shóisialta a chur ar fáil i gcomhchineál i bhfoirm cóireálacha nó cúraim a thugtar saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de, nó trí chaiteachas a dhéanann teaghlaigh a chúiteamh. Féadfaidh sochair shóisialta in airgead bheith iníoctha freisin le tairbhíthe a dteastaíonn cúram sláinte uathu;
 - (b) i gcás ina mbíonn ar na tairbhíthe tacaíocht a thabhairt do chineálacha éagsúla cleithiúnaithe: céilí, leanaí, gaolta scothaosta, easláin, etc. Is gnách go n-íoctar na sochair shóisialta in airgead i bhfoirm líuntas rialta cleithiúnaithe nó teaghlaigh;
 - (c) i gcás ina dtagann laghdú ar ioncam na dtairbhíthe toisc nach bhfuil siad in ann dul ag obair go lánaimseartha nó dul ag obair ar chor ar bith. Is gnách go n-íoctar na sochair shóisialta go tráthrialta in airgead fad is a mhaireann an riocht sláinte. I gcásanna áirithe d'fhéadfaí cnapshuim a chur ar fáil taobh leis an íocaíocht rialta nó ina hionad. Seo a leanas samplaí de chúiseanna a chuireann bac ar dhaoine dul ag obair:
 - (1) scor deonach nó éigeantach;
 - (2) dífhostaíocht neamhdheonach, lena n-áirítear leagan as sealadach agus fostaíocht ghearr-ama;
 - (3) breoiteacht, gortú timpisteach, breith linbh, etc. a chuireann bac ar dhuine dul ag obair, nó dul ag obair go lánaimseartha;
 - (d) i gcás ina bhfaigheann na tairbhíthe íocaíochtaí chun iad a chúiteamh as laghdú ioncain mar thoradh ar bhás an phríomhshaothraí ioncain;
 - (e) i gcás ina gcuirtear tithíocht ar fáil do na tairbhíthe saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de nó trí chaiteachas a dhéanann teaghlaigh a chúiteamh. Is sochair shóisialta chomhchineál iad ítimí den sórt sin;

- (f) i gcás ina gcuirtear liúntais ar fáil do na tairbhíthe chun na costais oideachais a thabhaíonn siad thar a gceann féin nó thar ceann a gcleithiúnaithe a chumhdach. Féadfar seirbhísí oideachais a sholáthar mar shochair shóisialta chomhchineáil.

Sochair shóisialta arna soláthar ag an rialtas ginearálta

- 17.09 Soláthraíonn an rialtas ginearálta sochair shóisialta i bhfoirm íocaíochtaí faoi shlándáil shóisialta, faoi chúnamh sóisialta nó faoi aistriithe sóisialta comhchineáil.
- 17.10 Tagraíonn slándáil shóisialta do scéimeanna árachais shóisialta arna n-oibriú ag an rialtas ginearálta.
- 17.11 Cuimsítear sa sainmhíniú ar shochair shóisialta soláthar seirbhísí sláinte agus oideachais. Is gnách go gcuireann an rialtas ginearálta seirbhísí den sórt sin ar fáil do gach duine sa phobal gan ceangal a chur orthu bheith rannpháirteach i scéim agus gan ceanglais cháilitheacha. Láimhseáiltear na seirbhísí mar aistriithe sóisialta comhchineáil agus ní mar chuid de shlándáil shóisialta nó de chúnamh sóisialta. Anuas ar na seirbhísí sláinte agus oideachais arna soláthar ag an rialtas ginearálta, féadfaidh institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaiigh seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil do dhaoine aonair freisin. Láimhseáiltear seirbhísí den sórt sin mar aistriithe sóisialta comhchineáil freisin agus ní mar chuid de scéimeanna árachais shóisialta.

Sochair shóisialta arna soláthar ag aonaid institiúideacha eile

- 17.12 Is féidir le fostóirí sochair shóisialta a sholáthar dá bhfostaithe agus dá gcleithiúnaithe nó is féidir le haonaid eile ar nós ceardchumann sochair shóisialta a sholáthar. Is faoi scéim árachais shóisialta a dhéantar gach sochar sóisialta arna sholáthar ag aonaid eile seachas an rialtas ginearálta.

Pinsin agus cineálacha eile sochair

- 17.13 Roinntear sochair árachais shóisialta agus na ranníocaíochtaí comhfhreagracha idir na sochair sin a bhaineann le pinsin agus na sochair a bhaineann le gach cineál eile sochair. Is ioncam scoir an sochar pinsin is tábhachtaí a chumhdaítear faoi scéimeanna árachais shóisialta, ach tá samplaí eile ann freisin. Mar shampla, is féidir pinsin a bheith infíochta le baintreacha agus le baintreacha fir nó le daoine a fhulaingíonn gortú tionsclaíoch agus nach bhfuil in ann dul ag obair a thuilleadh. Murar féidir leis an bpríomhshaothraí ioncaim ioncam a sholáthar, de dheasca báis nó éagumais, déantar na híocaíochtaí a thairfeadh mar phinsin.
- 17.14 Déantar na sochair eile go léir a thiomsú le chéile mar shochair neamhphínsean. Tá an t-idirdhealú idir sochair phinsin agus sochair neamhphínsean tábhachtach toisc go dtaifeadtar dliteanais i leith sochar pinsin i gcónaí, is cuma má tá sócmhainní curtha i leataobh chun na teidlíochtaí a chúiteamh nó nach bhfuil, ach ní thairfeadtar cúlchistí sochar neamhphínsean ach amháin má tá siad ann iarbhír.

SOCHAIR ÁRACHAIS SHÓISIALTA SEACHAS PINSIN

- 17.15 *Sainmhíniú:* is ionann sochair árachais shóisialta eile, nó sochair neamhphínsean, agus sochair a fhaigheann tairbhíthe, go díreach nó go hindíreach, ag brath ar theagmhais shonracha agus a bhíonn de ghnáth faoi théarmaí dlí nó conarthacha réamhdhearbhaithe.

Amach ó ioncam scoir, is féidir roinnt teagmhas eile a chumhdach, mar shampla sochair árachais sláinte, árachais dífhostaíochta agus árachais chúraim fhadtéarmaigh.

- 17.16 Soláthraítear sochair árachais shóisialta eile do thairbhíthe faoi shlándáil shóisialta agus faoi scéimeanna a bhaineann le fostaíocht seachas slándáil shóisialta.

Scéimeanna slándála sóisialta seachas scéimeanna pinsin

- 17.17 *Sainmhíniú:* is ionann scéimeanna slándála sóisialta seachas scéimeanna pinsin agus scéimeanna árachais conarthacha trína gceanglaíonn an rialtas ginearálta ar na tairbhíthe mar rannpháirtithe i scéim árachais shóisialta árachú in aghaidh rioscaí seachas rioscaí seanaoise nó rioscaí eile a bhaineann le haois. Is é an rialtas ginearálta a sholáthraíonn sochair slándála sóisialta seachas sochair phinsin, dá ngairtear sochair neamhphínsean, do thairbhíthe.

- 17.18 Is gnách go ndéanann tairbhíthe ranníocaíochtaí éigeantacha le scéim slándála sóisialta seachas scéim slándála sóisialta pinsin a mhaoinítear go minic ar bhonn “íoc-mar-a-úsáidtear”. Úsáidtear na ranníocaíochtaí “íoc-mar-a-úsáidtear” i dtreimhse áirithe chun na sochair a mhaoiniú sa tréimhse chéanna. Níl aon ghné choigiltis ag baint léi, don rialtas ginearálta ná don fhostóir atá ag oibriú na scéime ná do na tairbhíthe atá rannpháirteach inti. Dá bhrí sin, ní bhíonn barrachas ann de ghnáth, agus má tá gannchion acmhainní i gceist, féadfaidh cumhachtaí a bheith ag an rialtas chun na gealltanais a athrú, ní hamháin na gealltanais a bhaineann le fostaíocht amach anseo ach a bhaineann le fostaíocht don am atá caite freisin. I roinnt tíortha, áfach, féadfaidh scéimeanna slándála sóisialta seachas scéimeanna pinsin cúlchistí, dá ngairtear cistí idirghabhála, a charnadh.

- 17.19 I mbunchuntais náisiúnta an CEC, ní aithnítear teidlíochtaí slándála sóisialta seachas teidlíochtaí pinsean mar shuimeanna gan íoc i gcás scéime slándála sóisialta. Ní dhéantar meastacháin ar shuimeanna gan íoc na dteidlíochtaí faoi scéimeanna slándála sóisialta seachas scéimeanna pinsin, ná aon scéimeanna neamhphinsean eile a bhaineann le fostaíocht arna soláthar ag an rialtas ginearálta a áireamh sna bunchuntais agus ní dhéantar iad a thaifeadadh i dTábla 17.5.

Scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht

- 17.20 *Sainmhíniú:* is ionann scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht agus scéimeanna árachais conarthacha, atá éigeantach de réir an dlí nó a spreagann tríú páirtí. I scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht féadfaidh fostóirí a leagan síos mar choinníoll fostaíochta go mbeidh fostaithe, na tairbhíthe, rannpháirteach i scéim árachais shóisialta atá sonraithe ag an bhfostóir chun árachú in aghaidh rioscaí seachas rioscaí seanaoise agus rioscaí eile a bhaineann le haois. Is é an fostóir nó aonaid eile thar ceann an fhostóra a sholáthraíonn na scéimeanna den sórt sin a bhaineann le fostaíocht do thairbhíthe.
- 17.21 Féachtar ar scéimeanna árachais shóisialta eile a bhaineann le fostaíocht, ar nós scéimeanna pinsin gaolmhara, mar chuid den phacáiste cúitimh agus d'fhéadfadh sé go ndíreodh caibidlíocht idir fostaithe agus fostóirí ar choinníollacha reatha seirbhíse agus ar scálaí pá reatha. Is minic a sholáthraíonn fostóirí príobháideacha sochair árachais shóisialta seachas pinsin ó scéimeanna faoi rialú fostóirí nó arna dtabhairt ar conradh do thríú páirtí mar chorpáraid árachais trína soláthraítear sochair shóisialta, mar shampla cumhdach leighis príobháideach.

Stoic agus sreafaí a thaifeadadh de réir an chineáil scéime árachais shóisialta neamhphinsean

Scéimeanna slándála sóisialta

- 17.22 Mar aitheantas go maoinítear slándáil shóisialta ar bhonn "íoc-mar-a-úsáidtear" de ghnáth, ní thaispeántar teidlíochtaí a fhabhraítear faoi shlándáil shóisialta, i.e. sochair shóisialta lena n-áirítear pinsin, sna bunchuntais náisiúnta.
- 17.23 Cé go gcuirtear teidlíochtaí pinsean a thig as scéimeanna slándála sóisialta san áireamh sa tábla forlíontach le haghaidh teidlíochtaí pinsin fábhráithe chun dáta in árachas sóisialta, ní amhlaidh a dhéantar i gcás teidlíochtaí a thig as scéimeanna slándála sóisialta seachas scéimeanna pinsin.
- 17.24 Maidir le taifeadadh na sreafaí a bhaineann le scéimeanna slándála sóisialta seachas scéimeanna pinsin, tagraíonn sé sin do ranníocaíochtaí a rinne an fostóir agus na fostaithe agus do shochair slándála sóisialta.
- 17.25 Láimhseáiltear aon ranníocaíocht a rinne an fostóir mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe. Déantar í a thaifeadadh mar idirbheart dáileacháin atá infíochta ag an bhfostóir agus infhála ag an bhfostaí. Ansin, íocann an fostaí suim atá cothrom leis an tsuim a fhaigheann sé ón bhfostóir sa bhreis ar aon ranníocaíocht a dhéanann sé féin leis an gciste slándála sóisialta. Déantar an tsuim sin a thaifeadadh mar úsáid i leith teaghlach agus mar acmhainn i leith an rialtais.
- 17.26 Cuirtear aon ranníocaíochtaí a dhéanann daoine féinhostaithe nó neamhfhostaithe san áireamh freisin sna ranníocaíochtaí atá infíochta ag teaghlach leis an rialtas.
- 17.27 Déantar sochair slándála sóisialta a thaifeadadh mar idirbhearta dáileacháin, ón rialtas ginearálta le teaghlach.
- 17.28 Taispeántar i dTábla 17.2 na hidirbhearta a bhaineann le scéim slándála sóisialta pinsin. Is ionann iad agus na hidirbhearta a bhaineann le scéimeanna árachais shóisialta seachas scéimeanna pinsin.

Scéimeanna árachais shóisialta neamhphinsean eile a bhaineann le fostaíocht

- 17.29 Maidir le scéimeanna árachais shóisialta neamhphinsean eile a bhaineann le fostaíocht, is gnách go ndéantar teidlíochtaí na rannpháirtithe a thaifeadadh de réir mar a fhabhraíonn siad. Déantar ioncam ó infheistíocht a thuilltear ar theidlíochtaí reatha a thaifeadadh mar ioncam atá dáilte ar na tairbhíthe agus athinfheistíthe acu sa scéim.
- 17.30 Déantar an ranníocaíocht shóisialta a dhéanann fostóir le scéim árachais thar ceann fostaí a láimhseáil mar chuid den chúiteamh d'fhostaithe.
- 17.31 Déantar an t-ioncam ó infheistíocht ar theidlíochtaí carntha a thaifeadadh mar ioncam atá dáilte ar theaghlach ag an scéim. Áirítear san ioncam ó infheistíocht ús agus díbhinní móide, má tá scaireanna ag an aonad institiúideach iontu, ioncam dáilte scéimeanna combhinfheistíochta. D'fhéadfadh maoin a bheith faoi úinéireacht na scéime agus d'fhéadfaí glanbharrachas oibriúcháin a ghiniúint uirthi, agus áirítear an méid sin san ioncam ó infheistíocht atá dáilte ar na tairbhíthe. Sa chás sin, ba cheart a thuiscint go gcuimsíonn an téarma ioncam ó infheistíocht an fhoinsé sin ioncaim. Ní chuirtear gnóthachain agus cailleanais sealúchais a ghintear mar thoradh ar na teidlíochtaí carntha a infheistiú san áireamh in ioncam ó infheistíocht ach déantar iad a thaifeadadh mar athruithe eile i ngeall ar athluachálacha.

- 17.32 Úsáidtear cuid den ioncam a dháiltear ar theaghlaigh chun na costais a bhaineann le hoibriú na scéime a riar. Taispeántar an costas sin mar aschur na scéime agus mar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach. Déantar an chuid eile den ioncam dáilte a láimhseáil mar fhorlíontaí ranníocaíochta a d'aisíoc teaghlaigh leis an scéim.
- 17.33 Déantar ranníocaíochtaí sóisialta a thaispeáint mar shuimeanna atá íoctha ag teaghlaigh leis an scéim. Tá suim iomlán na ranníocaíochtaí sóisialta comhdhéanta de na ranníocaíochtaí iarbhír ó fhostóirí mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe, de ranníocaíochtaí iarbhír ó fhostaithe agus ó dhaoine a bhí rannpháirteach sa scéim roimhe sin, ó dhaoine féinfhostaithe agus neamhfhostaithe chomh maith le pinsinéirí, agus na forlíontaí ranníocaíochta atá sonraithe i mír 17.32.
- 17.34 Is iad na daoine a dhéanann ranníocaíocht le scéim árachais shóisialta, ach nach fostaithe iad, daoine féinfhostaithe nó daoine neamhfhostaithe, a ghlacann páirt de bhua a ngairme nó a stádas fostaíochta roimhe sin.
- 17.35 Taispeántar na sochair shóisialta atá íoctha le teaghlaigh ag riarthóir na scéime mar idirbhearta dáileacháin faoi shochair árachais shóisialta eile.
- 17.36 Déantar an íocaíocht i leith na seirbhíse a sholáthraíonn riarthóir na scéime, atá cothrom le luach aschur na scéime, a thaifeadadh mar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach.
- 17.37 Déantar méadú ar theidlíochtaí i ngeall ar bharrachas ranníocaíochtaí i gcomparáid le sochair a thaispeáint mar shuim atá íoctha ag an scéim árachais shóisialta le teaghlaigh. Is é an réasúnaíocht dó sin, gur cheart an méadú sin ar theidlíochtaí a áireamh i gcoigilt earnáil na dteaghlach toisc go dtéann sé i gcion go díreach ar ghlanfhiúchas na dteaghlach.
- 17.38 Déantar an coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí atá íoctha ag an scéim le teaghlaigh a thaifeadadh mar éileamh ó theaghlaigh ar an scéim.
- 17.39 Taispeántar i dTábla 17.3 na hidirbhearta i scéim pinsin a bhaineann le fostaíocht. Is ionann iad agus na hidirbhearta a bhaineann le scéimeanna árachais shóisialta seachas scéimeanna pinsin.

PINSIN

- 17.40 *Sainmhíniú:* is ionann pinsin árachais shóisialta agus sochair a fhaigheann tairbhíthe nuair a théann siad ar scor, faoi théarmaí dlí nó conarthacha réamhdhearbhaithe agus i bhfoirm blianachta ráthaithe de ghnáth.

Is ioncam scoir an sochar pinsin is tábhachtaí a chumhdaítear faoi scéimeanna árachais shóisialta, ach féadann cásanna eile a bheith ann freisin. Mar shampla, is féidir pinsin a bheith iníoctha le baintreacha agus le baintreacha fir nó le daoine a fhulaingíonn gortú tionsclaíoch agus nach bhfuil in ann dul ag obair a thuilleadh. Láimhseáiltear mar phinsin gach teagmhas a mbíonn íocaíochtaí mar thoradh air toisc nach bhfuil an saothraí ioncaim in ann ioncam a sholáthar dó féin agus dá chleithiúnaithe de dheasca báis nó éagumais.

Cineálacha scéimeanna pinsin

- 17.41 Féadfaidh pinsin a sholáthraítear do thairbhíthe a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

- (a) scéimeanna árachais shóisialta pinsin;
- (b) cúnamh sóisialta; agus
- (c) polasaithe árachais aonair a bhaineann le pinsin.

Is iondúil gur cistí slándála sóisialta, eintitis eile rialtais, corparáidí árachais agus cistí pinsin, nó aonaid institiúideacha mar fhostóirí, a sholáthraíonn na pinsin. D'fhéadfadh institiúidí eile a bheith rannpháirteach freisin, áfach, ag brath ar na himthosca náisiúnta. Ní thugann úsáid an téarma cistí slándála sóisialta le tuiscint go gcruthaítear ciste iarbhír sócmhainní faoin scéim i gcónaí. Is téarmaí comhchiallacha iad cistí slándála sóisialta agus scéimeanna slándála sóisialta.

- 17.42 Soláthraítear pinsin árachais shóisialta do thairbhíthe mar rannpháirtithe i scéimeanna árachais shóisialta. Tugtar pinsin slándála sóisialta, lena n-áirítear cistí slándála sóisialta, ar an gcuid a sholáthraíonn an rialtas ginearálta agus tugtar pinsin eile a bhaineann le fostaíocht ar an gcuid a sholáthraíonn aonaid eile. Bíonn éagsúlachtaí móra ó thír go tír sa deighilt idir na pinsin a sholáthraítear trí shlándáil shóisialta agus na pinsin a sholáthraítear trí scéimeanna eile a bhaineann le fostaíocht agus is é an toradh air sin go mbíonn éagsúlachtaí móra sa chumhdach agus i dtuiscint na tíre ar a bhfuil sainithe ag an téarma "slándáil shóisialta".

Scéimeanna slándála sóisialta pinsin

- 17.43 *Sainmhíniú:* is ionann scéimeanna slándála sóisialta pinsin agus scéimeanna árachais conarthacha trína gceanglaíonn an rialtas ginearálta ar na tairbhíthe mar rannpháirtithe i scéim árachais shóisialta árachú in aghaidh rioscaí seanaoise agus rioscaí eile a bhaineann le haois mar mhíchumas, sláinte etc. Is é an rialtas ginearálta a sholáthraíonn pinsin slándála shóisialta do na tairbhíthe.
- 17.44 Nuair a ghlacann an rialtas ginearálta an fhreagracht as pinsin a sholáthar do chodanna móra den phobal, tá an fheidhm slándála sóisialta ag comhlíonadh ról scéime ilfhostóirí go bunúsach.
- 17.45 Is gnách go ndéanann tairbhíthe ranníocaíochtaí éigeantacha le scéim slándála sóisialta pinsin a mhaoiítear go minic ar bhonn “íoc-mar-a-úsáidtear”. Úsáidtear na ranníocaíochtaí i dtreimhse áirithe chun na sochair a mhaoiniú sa tréimhse chéanna. Níl aon ghné choigiltis ag baint léi, don rialtas ginearálta ná don fhostóir atá ag oibriú na scéime ná do na tairbhíthe atá rannpháirteach inti. Dá bhrí sin, ní bheidh barrachas ann sa scéim, agus má tá gannchion acmhainní i gceist, féadfaidh cumhachtaí a bheith ag an rialtas chun na gealltanais a athrú, ní hamháin na gealltanais a bhaineann le fostaíocht amach anseo ach a bhaineann leis an am atá caite freisin. I roinnt tíortha, áfach, féadfaidh scéimeanna slándála sóisialta pinsin cúlchistí, dá ngairtear cistí idirghabhála, a charnadh.
- 17.46 Tá an cineál is srianta de phinsean slándála sóisialta fíorbhunúsach ar fad. Is féidir an leibhéal a shocrú gan méid na ranníocaíochtaí a chur san áireamh, cé go gcuirtear san áireamh go ndearnadh ranníocaíochtaí ar feadh tréimhse áirithe nó faoi choinníollacha sonracha eile. Is minic a bhíonn ceart fostaí chun pinsin faoi shlándáil shóisialta inaistrithe ó fhostóir amháin go fhostóir eile.
- 17.47 I gcodarsnacht leis sin, is féidir an chuid is mó den soláthar pinsean nó an soláthar go léir a dhéanamh trí shlándáil shóisialta i roinnt tíortha. Sa chás sin, gníomhaíonn an rialtas mar idirghabhálaí do na fhostóirí ionas go dtéann an rialtas i riosca maidir leis an íocaíocht a dhéanamh sa deireadh nuair a bheidh na ranníocaíochtaí leis an scéim a d’íoc an fhostóir agus na teaghlaigh faighte aige. Fuasclaíonn an rialtas an fhostóir ón riosca go bhféadfadh costas na bpinsean a bheith ró-ard dá ghnóthas agus tugann an rialtas dearbhú don phobal go n-íocfar pinsin, cé go bhféadfaidh sé a dhéanamh amhlaidh leis an gcáil go bhféadfaidh sé suim na bpinsean dlite a athrú, fiú go cúlghabhálach.
- 17.48 Ní thugtar aitheantas i mbunchuntais náisiúnta an CEC do theidlíochtaí pinsin mar shuimeanna gan íoc i leith scéime slándála sóisialta pinsin. Ní dhéantar meastacháin ar shuimeanna gan íoc na dteidlíochtaí faoi scéimeanna slándála sóisialta pinsin ná faoi aon scéim sochar sainithe pinsin eile a bhaineann le fostaíocht arna soláthar ag an rialtas ginearálta a áireamh sna bunchuntais náisiúnta ach déantar iad a thaifeadadh sa tábla forlíontach faoi theidlíochtaí pinsin fabhráithe chun dáta a thaispeántar i dTábla 17.5.

Scéimeanna pinsin eile a bhaineann le fostaíocht

- 17.49 *Sainmhíniú:* is ionann scéimeanna pinsin eile a bhaineann le fostaíocht agus scéimeanna árachais conarthacha atá éigeantach de réir an dlí nó a spreagann an rialtas, nó scéimeanna ina leagann fhostóirí síos é mar choinníoll fostaíochta go mbeadh fostaithe (na tairbhíthe) rannpháirteach i scéim árachais shóisialta atá sonraithe ag an bhfostóir chun árachú in aghaidh rioscaí seanaoise agus rioscaí eile a bhaineann le haois. Déanann an fhostóir nó aonaid eile thar ceann an fhostóra na pinsin sin a bhaineann le fostaíocht a sholáthar do thairbhíthe.
- 17.50 Ní gnách go mbíonn scéimeanna pinsin a riarann fhostóirí príobháideacha faoi réir coigeartuithe cúlghabhálacha ach amháin más rud é go n-aontaíonn fhostóirí agus tairbhíthe na suimeanna atá iníoctha a athrú. Tá baol ann, áfach, nach mbeadh an fhostóir in ann íoc dá dteipfeadh ar an ngnóthas. Tá cosaint do theidlíochtaí pinsin daoine aonair ag éirí níos coitianta. D’fhéadfadh sé nach mbeadh an pinsean a fhabhraítear le fhostóir amháin inaistrithe chuig fhostóir nua. Is mó seans sa lá atá inniu ann go mbeadh cúlchistí curtha i leataobh ag scéimeanna fhostóirí. Fiú mura bhfuil aon cúlchistí ar fáil, féadfaidh coinbhinsiúin na cuntasáíochta a cheangal orthu teidlíochtaí pinsean fostaithe reatha agus iarfhostaithe a aithint ina gcuid cuntas.
- 17.51 Féachtar ar phinsin eile a bhaineann le fostaíocht mar chuid den phacáiste cútímh agus féadfaidh caibidlíocht idir fostaithe agus fhostóirí díriú ar choinníollacha reatha seirbhíse agus ar scálaí pá agus teidlíochtaí pinsean. Is minic a sholáthraíonn fhostóirí príobháideacha pinsin ó scéimeanna arna rialú ag fhostóirí nó arna dtabhairt ar conradh ag fhostóirí do thríú páirtí amhail corparáid árachais. Uaireanta d’fhéadfadh aonad speisialaithe freagracht a ghabháil air féin as pinsin a sholáthar do roinnt fhostóirí i gcomaoin dul i riosca maidir lena áirithiú go gcuirfead maoiniú dóthanach ar fáil chun na pinsin atá geallta a sholáthar. Tugtar scéim pinsin ilfhostóirí ar shocrú den chineál sin.
- 17.52 Féadfaidh fostaithe reatha agus iarfhostaithe, atá ina dtairbhíthe, ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an scéim agus glactar leis gur ioncam ó mhaoin a bheidh á fháil acu as. Láimhseáiltear an t-ioncam sin ó mhaoin mar fhorlíontáil ranníocaíochta atá iníoctha leo.

- 17.53 Déantar scéimeanna pinsin a aicmiú de réir a nádúir i scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus scéimeanna sochar sainithe.

Scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe

- 17.54 *Sainmhíniú:* is ionann scéim ranníocaíochtaí sainithe agus scéim pinsin trína ndéantar na sochair a shainiú go heisiach i dtéarmaí leibhéal an chiste a fabhraíodh ó na ranníocaíochtaí a rinneadh thar shaol oibre an fhostaí agus na méaduithe ar luach a thig ó infheistiú na gcistí den sórt sin ag bainisteoir na scéime pinsin.
- 17.55 Is ar an bhfostaí atá an riosca iomlán i scéim ranníocaíochtaí sainithe maidir le hioncam dóthanach a sholáthar le linn scoir.
- 17.56 Tá sé réasúnta simplí sonraí a sholáthar faoi scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe toisc nach mór go mbeadh cuntais iomlána ar fáil agus nach mbíonn aon mheastachán achtúireach i gceist. Baineann formhór na scéimeanna den sórt sin le hearnálacha na gcorparáidí (colún A de Thábla 17.5) ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh an rialtas gníomhú mar bhainisteoir ar an scéim. Tá teidlíochtaí pinsean gach scéime ranníocaíochtaí sainithe pinsin san áireamh sna bunchuntais náisiúnta.

Scéimeanna sochar sainithe

- 17.57 *Sainmhíniú:* is ionann scéim sochar sainithe pinsin agus scéim pinsin trína ndéantar na sochair atá iníoctha leis an bhfostaí nuair a théann sé/sí ar scor a shocrú trí fhoirmle a úsáid, ina haonar nó in éineacht le híomshéid ráthaithe iníoctha.
- 17.58 Is ar an bhfostóir nó ar aonad a ghníomhaíonn thar a cheann atá an riosca i scéim sochar sainithe chun ioncam dóthanach a sholáthar le linn scoir.

Scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe barúlacha agus scéimeanna hibrídeacha

- 17.59 Déantar scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe barúlacha agus scéimeanna hibrídeacha a ghrúpáil le chéile mar scéimeanna sochar sainithe.
- 17.60 *Sainmhíniú:* tá scéim ranníocaíochtaí sainithe bharúlach cosúil le scéim sochar sainithe ach amháin go bhfuil íomshéid ráthaithe iníoctha i gceist.
- 17.61 I scéim ranníocaíochtaí sainithe bharúlach, cuirtear ranníocaíochtaí (ón bhfostaí agus ón bhfostóir araon) chun sochair cuntais aonair agus déantar iad a charnadh orthu. Bíonn na cuntais aonair sin barúlach, sa mhéid is go n-úsáidtear na ranníocaíochtaí leis na scéimeanna chun sochair phinsin a íoc le pinsinéirí reatha. Nuair a théann duine ar scor, déantar an t-iarmhéid carntha a thiontú go blianacht trí fhoirmle éigin atá bunaithe, i measc fachtóirí eile, ar thomhas d'ionchas saoil, agus déantar é a athbhreithniú gach bliain chun tomhas an chaighdeáin mhaireachtála a léiriú.
- 17.62 Is scéimeanna iad scéimeanna hibrídeacha a bhfuil idir ghné sochar sainithe agus ghné ranníocaíochtaí sainithe ag baint leo. Déantar scéim a aicmiú mar scéim hibrídeach toisc go bhfuil soláthairtí sochar sainithe agus ranníocaíochtaí sainithe i láthair inti nó toisc go gcumhdaítear inti scéim ranníocaíochtaí sainithe bharúlach chomh maith le soláthar sochar sainithe nó ranníocaíochtaí sainithe ag an am céanna. D'fhéadfadh sé go gcuirfí an soláthar le chéile do thairbhí singil, nó go ndéanfaí é a dhifreáil de réir grúpaí tairbhíthe de réir cineáil chonartha, phinsin a sholáthraítear, etc.).
- 17.63 Iompraíonn an fostóir agus an fostaí araon an riosca chun ioncam dóthanach a sholáthar le linn scoir faoi scéim ranníocaíochtaí bharúlach agus faoi scéim hibrídeach.
- 17.64 I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh riosca an fhostóra ar an scéim ilfhostóirí a oibríonn an scéim sochar sainithe pinsin thar ceann an fhostóra.

Comparáid idir scéimeanna sochar sainithe agus scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe

- 17.65 Is í an difríocht bhunúsach sa chuntasaíocht idir scéim sochar sainithe pinsin agus scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin ná go ndéantar, i gcás na scéime sochar sainithe pinsin, an sochar don fhostaí sa tréimhse reatha a shocrú i dtéarmaí ghealltanais an fhostóra faoi leibhéal na bpinsean, agus go ndéantar an sochar don fhostaí sa tréimhse reatha a shocrú, i gcás na scéime ranníocaíochtaí sainithe pinsin, trí na ranníocaíochtaí a rinneadh leis an scéim agus an t-ioncam ó infheistíocht agus na gnóthachain agus na cailteanais sealúchais a tuilleadh ar na ranníocaíochtaí sin agus ar ranníocaíochtaí roimhe sin. Dá bhrí sin, cé go bhfuil faisnéis iomlán ar fáil, i bprionsabal, faoi na sochair do na rannpháirtithe sa scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin, is ar bhonn achtúireach a mheastar na sochair do na rannpháirtithe i scéim sochar sainithe pinsin.

- 17.66 Tá ceithre fhoinsé athraithe ar theidlíochtaí pinsin i scéim sochar sainithe pinsin. Ar an gcéad cheann acu sin tá an méadú ar an tseirbhís reatha, is é sin an méadú ar theidlíocht a bhaineann leis an bpá agus na tuarastail a tuilleadh sa tréimhse reatha. Ar an dara foinsé tá an méadú ar an tseirbhís roimhe sin, is é sin an méadú ar luach na teidlíochta toisc go bhfuil an scor (agus an bás) bliain amháin níos gaire do gach rannpháirtí sa scéim. Ar an tríú athrú ar an leibhéal teidlíochta tá laghdú mar thoradh ar shochair a íoctar le pinsinéirí na scéime. Tagann an ceathrú foinsé athraithe ó fhachtóirí eile, fachtóirí atá léirithe sa chuntas athruithe eile ar shócmhainní.
- 17.67 Fearacht scéime ranníocaíochtaí sainithe pinsin, féadfaidh an fostóir agus/nó an fostaí ranníocaíochtaí iarbhrí a dhéanamh leis an scéim sa tréimhse reatha. D'fhéadfadh sé, áfach, nach leor na híocaíochtaí den sórt sin chun an méadú ar shochair arna bhfabhrú ó fhostaíocht na bliana reatha a chumhdach. Déantar ranníocaíocht bhreise ón bhfostóir a iontráil go barúlach, dá bhrí sin, chun na ranníocaíochtaí (iarbhrí agus barúlacha) a chur i gcoibhneas leis an méadú ar theidlíochtaí seirbhíse reatha. Is gnách go mbíonn na ranníocaíochtaí barúlacha den sórt sin deimhneach ach d'fhéadfadh sé go mbeidís diúltach má sháraíonn suim na ranníocaíochtaí a fuarthas an méadú ar theidlíochtaí seirbhíse reatha.
- 17.68 Ag deireadh tréimhse cuntasáíochta, is féidir leibhéal na dteidlíochtaí pinsean atá dlite d'fhostaithe reatha agus d'iarfhostaithe a ríomh trí luach láithreach na suimeanna atá dlite le híos le linn scoir a mheas trí ríomhanna achtúireacha a úsáid. Gné amháin den mhéadú ar an tsuim sin bliain i ndiaidh bliana is ea go bhfuil méadú tagtha ar luach láithreach na dteidlíochtaí a bhí ann ag tús na bliana, agus atá dlite fós ag deireadh na bliana, toisc é a bheith bliain níos gaire don todhchaí agus mar sin ní mór aon fhachtóir lascainithe amháin níos lú a úsáid chun an luach láithreach a ríomh. Is é an leachtú sin ar an lascaine is cúis leis an méadú ar an tseirbhís roimhe sin maidir le teidlíochtaí.
- 17.69 Baineann difríocht bhunúsach eile idir scéim sochar sainithe pinsin agus scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin le híocaíocht an chostais as an scéim pinsin a oibriú. Faoi scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin is ar na tairbhíthe atá an riosca iomlán. Oibrítear an scéim thar a gceann agus is iadsan a íocann as an gcostas. Ós rud é go bhféadfaidh aonad seachas an fostóir an scéim a oibriú, is cuí an costas oibriúcháin a láimhseáil mar chuid den ioncam ó infheistíocht a choimeádann an scéim chun a cuid costas a riar agus brabús a ghiniúint. De réir na cuntasáíochta le haghaidh árachais, féachtar ar an ioncam ó infheistíocht amháil is go bhfuil sé inchurtha go hiomlán i leith na dtairbhíthe, agus úsáidtear cuid de chun an costas a riar agus déantar an chuid eile a athinfheistiú sa scéim.
- 17.70 A mhalairt de scéal atá i gceist maidir le scéim sochar sainithe pinsin. Is ar an bhfostóir, nó ar aonad atá ag gníomhú thar a cheann, agus ní ar na tairbhíthe féin atá an riosca, i bpáirt nó go hiomlán, go bhféadfadh sé nach leor an ciste chun teidlíochtaí pinsean a riar. Féadfaidh an fostóir an scéim a rialú go díreach agus féadfaidh an scéim a bheith ina cuid den aonad institiúideach céanna nó a bheith ina scéim bharúlach. Fiú sa chás sin, tá costais ag baint leis an scéim a oibriú. Cé gur ar an bhfostóir a thiteann costais den sórt sin ar dtús, is cuí féachaint air sin mar chineál ioncaim chomhchineáil a chuirtear ar fáil do na fostaíthe agus, ar mhaithe le háisiúlacht, is féidir é a áireamh le ranníocaíochtaí an fhostóra. Glactar leis, ar an dóigh sin, gur ar na fostaíthe reatha agus ní ar na pinsinéirí a thiteann na costais ar fad. Glactar leis freisin gur féidir an leithdháileadh nach mór a dhéanamh i gcás scéimeanna barúlacha a chur i bhfeidhm in imthosca eile freisin.
- 17.71 I gcás scéime sochar sainithe pinsin, ní cosúil go ndéanann daoine féinfhostaithe agus neamhfhostaithe ranníocaíocht i láthair na huaire, cé go bhféadfadh sé tarlú má bhí siad i mbun fostaíochta roimhe sin a bhí ceangailte le pinsean sochar sainithe agus má tá sé de cheart acu leanúint orthu a bheith rannpháirteach sa scéim. Na daoine sin a bhí i mbun fostaíochta roimhe sin, is cuma má tá nó nach bhfuil pinsean á fháil acu, faigheann siad ioncam ó mhaoin agus íocann siad forlíontaí ranníocaíochta.

Riarthóir cistí pinsin, bainisteoir cistí pinsin, ciste pinsin agus scéim pinsin ilfhostóirí

- 17.72 Féadfaidh fostóirí nó an rialtas scéimeanna árachais shóisialta a eagrú, féadfaidh corparáidí árachais iad a eagrú thar ceann fostaíthe nó féadfar aonaid institiúideacha ar leithligh a bhunú chun na sócmhainní, a úsáidfear chun pinsin a riar agus a dháileadh, a shealbhú agus a bhainistiú. Níl i bhfo-earnáil na gcistí pinsin ach na cistí pinsin sin in árachas sóisialta ar aonaid institiúideacha iad atá deighilte ó na haonaid a chruthaigh iad.
- 17.73 Féadfaidh fostóir aonad eile a chonrú chun an scéim pinsin a bhainistiú agus íocaíochtaí a shocrú leis na tairbhíthe. D'fhéadfadh sé sin tarlú ar bhealaí éagsúla.
- 17.74 Is é an chéad bhealach go ngníomhaíonn oibreoir na scéime pinsin, an riarthóir cistí pinsin, mar ghníomhaire an fhostóra go bunúsach, ag tabhairt faoi riarachán na scéime pinsin ó lá go chéile, agus is é an fostóir a bhíonn freagrach fós as aon ghannchion sa scéim nó as tairbhe aon bharrachais.
- 17.75 Is é an dara bealach go bhfuil an bainisteoir cistí pinsin freagrach freisin as téarmaí scéime eile pinsin a bhaineann le fostaíocht a shocrú agus eisean atá freagrach as teidlíochtaí pinsean. Bíonn leibhéal ard freagrachta fós ar an mbainisteoir cistí pinsin as an mbeartas fadtéarmach infheistíochta i sócmhainní, lena n-áirítear

roghanna infheistíochta a dhéanamh agus struchtúr na soláthraithe riaracháin. Cé gur minic a dhéanfaidh an t-aonad céanna feidhmeanna an bhainisteora cistí pinsin agus an riarthóra cistí pinsin a chomhlíonadh, bíonn aonaid dhifriúla freagrach as na feidhmeanna sin i roinnt cásanna.

- 17.76 Ar an tríú bealach, tarlaíonn sé uaireanta go ndéanann aonad singil conradh le cúpla fostóir chun bainistiú a dhéanamh ar a gcuid scéimeanna pinsin mar scéim pinsin ilfhostóirí. Déantar na socrúithe sa chaoi is go nglacann an scéim pinsin ilfhostóirí freagracht as aon ghanchnion sna cistí maidir leis na teidlíochtaí a riar i gcomaoin an chirt aon chistí barrachais a choimeád. Tríd na rioscaí a chomhthiomsú thar roinnt fostóirí bíonn an scéim ilfhostóirí ag súil le rómhaoiniú agus tearcmhaoiniú a chothromú ionas go mbeidh barrachas ann thar na scéimeanna go léir ar an iomlán ar an gcaoi chéanna a dhéanann corparáid árachais riosca a chomhthiomsú do líon mór cliant. Sa chás sin, is í an scéim pinsin ilfhostóirí an bainisteoir cistí pinsin.
- 17.77 Nuair a ghlacann an rialtas freagracht as sochair a sholáthar do chodanna móra den phobal, is ionann an fheidhm slándála sóisialta agus an ról a bhíonn ag scéim ilfhostóirí. Fearacht na gcorparáidí árachais, beidh freagracht ar an rialtas as aon ghanchnion sna cistí maidir le dliteanas phinsin a riar nó beidh sé i dteideal aon bharrachas a ghintear a choimeád. Is minic, áfach, a mhaoinítear an tslándáil shóisialta ar bhonn “íoc-mar-a-úsáidtear” agus, dá bhrí sin, ní bheadh barrachas ann de ghnáth, agus má tá gannchion acmhainní i gceist, féadfaidh cumhachtaí a bheith ag an rialtas chun na teidlíochtaí a athrú, ní hamháin na teidlíochtaí a bhaineann le fostaíocht amach anseo ach na teidlíochtaí a bhaineann leis an am atá caite freisin.
- 17.78 Déantar freagracht an bhainisteora cistí pinsin as aon tearcmhaoiniú, nó tairbhe aon rómhaoinithe, ar scéim pinsin a thaifeadadh mar ghaol dliteanas/sócmhainní leis an riarthóir cistí pinsin. Déantar an t-athrú ar an dliteanas idir an bainisteoir cistí pinsin agus an riarthóir cistí pinsin a thaifeadadh tréimhse ar thréimhse. Ní hiad teidlíochtaí pinsean na scéime a dhéantar a thaifeadadh mar dhliteanas an bhainisteora cistí pinsin, ach an difríocht idir na teidlíochtaí pinsean agus na sócmhainní arna sealbhú ag an scéim. Má tá na sócmhainní arna sealbhú ag an scéim níos mó ná na teidlíochtaí pinsean, cás dá ngairtear rómhaoiniú, déantar gaol dliteanas/sócmhainní leis an mbainisteoir cistí pinsin a thaifeadadh i gcás ina bhfuiltear cinnte de go dtabharfaí aon rómhaoiniú don bhainisteoir cistí pinsin i gcás ina ndéanfaí an scéim a leachtú.
- 17.79 Déantar aon ghnóthachain sealúchais agus cailteanas sealúchais ar na sócmhainní atá á mbainistiú ag an riarthóir cistí pinsin a chur i leith an bhainisteora cistí pinsin ionas go mbeidh glanfhíúchas an chiste pinsin cothrom le neamhní i gcónaí.

Stoic agus sreafaí a thaifeadadh de réir an chineáil scéime pinsin in árachas sóisialta

Idirbhearta a bhaineann le scéimeanna pinsin in árachas sóisialta

- 17.80 Mar aitheantas go maoinítear slándáil shóisialta ar bhonn “íoc-mar-a-úsáidtear” de ghnáth, ní thaispeántar teidlíochtaí pinsean a fhabhraíonn faoi shlándáil shóisialta sna bunchuntais náisiúnta. Dá mba rud é go ndéanfaí sochair chosúla a sholáthar i ngach tír faoi shlándáil shóisialta agus faoi scéimeanna árachais shóisialta, bheadh sé réasúnta simplí comparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh. A mhálairt de scéal atá fíor, áfach, agus bíonn éagsúlachtaí móra i dtuiscintí gach tíre ar a bhfuil cumhdaithe ag slándáil shóisialta.
- 17.81 Ní dhéantar teidlíochtaí pinsean a thig as scéimeanna slándála sóisialta a áireamh sna bunchuntais náisiúnta. Tá éagsúlacht mhór ann idir na scéimeanna den sórt sin agus scéimeanna fostóirí ar fud na mBallstát. Déantar teidlíochtaí pinsean a thig as scéimeanna slándála sóisialta a áireamh sa tábla forlíontach faoi theidlíochtaí pinsin fabhráithe chun dáta in árachas sóisialta (Tábla 17.5) chun gur féidir comparáid a dhéanamh idir shonraí tíre.
- 17.82 Tagraíonn taifeadadh na sreafaí a bhaineann le scéimeanna slándála sóisialta pinsin do ranníocaíochtaí a dhéanann an fostóir agus na fostaithe araon agus do shochair slándála sóisialta.
- 17.83 Láimhseáiltear aon ranníocaíocht a rinne an fostóir mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe. Déantar í a thaifeadadh mar idirbheart dáileacháin ón bhfostóir leis an bhfostaí. Ansin, íocann an fostaí an tsuim a fhaigheann sé ón bhfostóir sa bhreis ar aon ranníocaíocht a rinne sé thar a cheann féin leis an gciste slándála sóisialta. Déantar an tsuim sin a thaifeadadh mar shuim atá iníoctha ag teaghlaigh leis an rialtas.
- 17.84 Cuirtear aon ranníocaíochtaí a dhéanann daoine féinhostaithe nó neamhhostaithe san áireamh freisin sna ranníocaíochtaí a rinne teaghlaigh leis an rialtas.
- 17.85 Déantar sochair slándála sóisialta a thaifeadadh mar idirbhearta dáileacháin ón rialtas ginearálta le teaghlaigh.
- 17.86 Taispeántar i dTábla 17.2 na hidirbhearta a bhaineann le scéim slándála sóisialta pinsin.

Tábla 17.2 — Cuntais le haghaidh ranníocaíochtaí sóisialta agus sochar pinsin a íoctar trí shlándáil shóisialta

Úsáidí					Saghas cuntais agus idirbhirt	Acmhainní				
Fostóir	Ciste slándála sóisialta	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán		Fostóir	Ciste slándála sóisialta	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán
Cuntas giniúna ioncaim										
139,0				139,0	Ranníocaíochtaí iarbhir pinsin fostóirí (D.1211)					
Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha										
					Ranníocaíochtaí iarbhir pinsin fostóirí (D.1211)			139,0		139,0
Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim										
		226,0		226,0	Ranníocaíochtaí slándála sóisialta (pinsin)		226,0			226,0
		139,0		139,0	Ranníocaíochtaí iarbhir pinsin fostóirí (D.6111)		139,0			139,0
		87,0		87,0	Ranníocaíochtaí iarbhir pinsin teaghlach (D.6131)		87,0			87,0
	210,0			210,0	Sochair slándála shóisialta pinsin in airgead tirim (D.6211)			210,0		210,0

Idirbhearta i gcás scéimeanna pinsin eile a bhaineann le fostaíocht

- 17.87 I gcás scéimeanna eile a bhaineann le fostaíocht, is gnách go ndéantar teidlíochtaí pinsean na rannpháirtithe a thairbhíocht de réir mar a fhabhraítear iad. Déantar ioncam ó infheistíocht a thuilltear ar theidlíochtaí pinsin reatha a thairbhíocht mar ioncam atá dáilte ar na tairbhíthe agus athinfheistithe acu sa scéim pinsin.
- 17.88 Bíonn sé níos éasca idirbhearta a thairbhíocht le haghaidh scéime ranníocaíochtaí sainithe ná mar a bhíonn le haghaidh scéime sochar sainithe.
- 17.89 I gcás an dá chineál scéime, glactar leis go bhfuil ciste pinsin ann. I gcás scéime ranníocaíochtaí sainithe pinsin, ní mór ciste réadach a bheith ann. I gcás scéime sochar sainithe pinsin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ciste réadach nó ciste barúlach ann. Má tá ciste réadach ann, féadfaidh sé a bheith ina chuid den aonad institiúideach céanna leis an bhfostóir, nó ina aonad institiúideach ar leithligh le scéim pinsin uathrialach, nó a bheith ina chuid d'institiúid airgeadais eile, is é sin corparáid árachais nó scéim pinsin ilfhostóirí.

Idirbhearta a bhaineann le scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe pinsin

- 17.90 Déantar an ranníocaíocht a dhéanann fostóir le scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin thar ceann fostaí a láimhseáil mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe.
- 17.91 Déantar an t-ioncam ó infheistíocht ar theidlíochtaí pinsin carntha a thairbhíocht mar ioncam atá dáilte ar theaghlaigh ag an gciste pinsin. Áirítear leis an ioncam ó infheistíocht, ús agus díbhinní móide ioncam dáilte scéimeanna comhinfeistíochta má tá scaireanna ag an gciste pinsin iontu. D'fhéadfadh maoin a bheith faoi úinéireacht na scéime pinsin agus ghinfi glanbharrachas oibriúcháin uirthi, agus áirítear an méid sin san ioncam ó infheistíocht atá dáilte ar na tairbhíthe pinsin. Sa chás sin, cuimsíonn an téarma ioncam ó infheistíocht an fhoinsé sin ioncaim, más ann di. Ní chuirtear gnóthachain sealúcháis agus cailteanais sealúcháis a ghintear mar thoradh ar na teidlíochtaí pinsean carntha a infheistiú san áireamh san ioncam ó infheistíocht ach déantar iad a thairbhíocht mar athruithe eile i ngeall ar athluachálacha.
- 17.92 Úsáidtear cuid den ioncam a dháiltear ar theaghlaigh chun na costais a bhaineann le hoibriú an chiste pinsin a riar. Déantar an costas sin a thairbhíocht mar aschur an chiste pinsin agus mar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach. Déantar an chuid eile den ioncam dáilte a láimhseáil mar fhorlíontaí ranníocaíochta pinsin a d'aisíoc teaghlaigh leis an gciste pinsin.

- 17.93 Déantar ranníocaíochtaí sóisialta a thaifeadh mar shuimeanna atá iníoctha ag teaghlaigh leis an gciste pinsin. Tá suim iomlán na ranníocaíochtaí sóisialta comhdhéanta de na ranníocaíochtaí iarbhír a dhéanann na fostóirí mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe, de ranníocaíochtaí iarbhír ó fhostaithe agus ó dhaoine eile b'fhéidir, ar nós daoine a bhí rannpháirteach sa scéim roimhe sin, ó dhaoine féinfhostaithe agus neamhfhostaithe chomh maith le pinsinéirí, agus na forlíoantaí ranníocaíochta atá sonraithe i mír 17.92. Ar mhaithe le soiléireacht, agus chun an chomparáid le scéimeanna sochar sainithe a fheabhsú, taispeántar na forlíoantaí ag an luach iomlán. Tá na ranníocaíochtaí iomlána a rinne teaghlaigh leis an gciste pinsin i bhfoirm ghlan sa chaoi chéanna a mbíonn préimheanna árachais i bhfoirm ghlan, is é sin le rá gurb ionann iad agus iomlán na ranníocaíochtaí go léir a rinneadh, lúide an muirear seirbhíse.
- 17.94 Maidir le ranníocóirí seachas fostaithe a dhéanann ranníocaíocht le scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin, féadfar daoine féinfhostaithe a áireamh orthu, ar daoine iad atá rannpháirteach i scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin nó daoine eile neamhfhostaithe ar daoine iad atá rannpháirteach i scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin de bhua a nairme nó a stádas fostaíochta roimhe sin.
- 17.95 Déantar sochair phinsin atá iníoctha le teaghlaigh ag an gciste pinsin a thaifeadh mar idirbhearta dáileacháin faoi shochair árachais shóisialta pinsin eile (D.6221).
- 17.96 Tá idirbheart eile ann a fhreagraíonn don tseirbhís arna soláthar ag an gciste pinsin (cothrom le luach aschur an chiste pinsin), agus déantar é a thaifeadh mar chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach.
- 17.97 Déantar an méadú ar theidlíochtaí i ngeall ar bharrachas ranníocaíochtaí i gcomparáid le sochair a thaifeadh mar shuim atá íoctha ag an gciste pinsin le teaghlaigh. Ar an gcaoi chéanna, déantar laghdú ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar easnamh ranníocaíochtaí i gcomparáid le sochair a thaifeadh mar íocaíocht ó theaghlaigh leis an gciste pinsin. Bíonn tionchar díreach ag an athrú ar theidlíochtaí pinsin ar ghlanfhiúchas na dteaghlach, agus ar choigilt earnáil na dteaghlach dá bhí sin. Toisc go dtagann cuid mhór den mhéadú ar theidlíochtaí pinsin na rannpháirtithe i scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin, agus an maoiniú le haghaidh na sochar dá bharr sin, ó ghnóthachain sealúchais nach gcuirtear san áireamh i bhforlíoantaí ranníocaíochta rannpháirtithe i scéimeanna sochar sainithe pinsin, is minic a dhéantar coigeartú diúltach i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin le haghaidh na ndaoine aonair den sórt sin.
- 17.98 Déantar an coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin atá íoctha ag an gciste pinsin le teaghlaigh a thaifeadh mar éileamh ó theaghlaigh ar an gciste pinsin.
- 17.99 I dTábla 17.3 léirítear na hiontrálacha a theastaíonn chun na hidirbhearta a bhaineann le scéim ranníocaíochtaí sainithe a thaifeadh. Tá sé níos simplí ná an tábla comhfhreagrach do scéim sochar sainithe, toisc nach bhfuil aon idirbhearta barúlacha ann.

Tábla 17.3 — Cuntais le haghaidh sochar pinsin atá iníoctha faoi scéim ranníocaíochtaí sainithe

Úsáidí					Saghas cuntais agus idirbhirt	Acmhainní				
Fostóir	Ciste pinsin	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán		Fostóir	Ciste pinsin	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán
Cuntas táirgeachta										
					Aschur (P.1)		1,4			1,4
Cuntas giniúna ioncaim										
11,0				11,0	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí (D.1211)					
Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha										
					Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí (D.1211)			11,0		11,0
			3,0	3,0	Ioncam ó mhaoín (D.4)		3,0			3,0
	16,2			16,2	Ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean (D.442)			16,2		16,2

Úsáidí					Saghas cuntais agus idirbhirt	Acmhainní				
Fostóir	Ciste pinsin	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán		Fostóir	Ciste pinsin	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán
Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim										
		37,3		37,3	Iomlán ranníocaíochtaí pinsin teaghlach		37,3			37,3
		11,0		11,0	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí (D.6111)		11,0			11,0
		11,5		11,5	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin teaghlach (D.6131)		11,5			11,5
		16,2		16,2	Forlíontaí ranníocaíochta pinsin teaghlach (D.6141)		16,2			16,2
		- 1,4		- 1,4	Muirir seirbhíse scéimeanna árachais shóisialta (D.61SC)		- 1,4			- 1,4
	26,0			26,0	Sochair árachais shóisialta phinsin eile (D.6221)			26,0		26,0
Cuntas úsáide ioncaim										
		1,4		1,4	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3)					
	11,3			11,3	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin (D.8)			11,3		11,3
- 11,0	- 11,8	25,8	- 3,0	0	Coigilt					
Athruithe ar shócmhainní					Cuntas airgeadais	Athruithe ar dhliteanais				
					Glaniasachtaíocht/glaniasachtú (B.9)	- 11,0	- 11,8	25,8	- 3,0	0,0
		11,3		11,3	Teidlíochtaí pinsean (F.63)		11,3			11,3
- 11,0	- 0,5	14,5	- 3,0	0,0	Sócmhainní airgeadais eile					

Sreafaí eile a bhaineann le scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe pinsin

- 17.100 Taispeántar na fachtóirí eile a mbíonn tionchar acu ar an athrú ar an iontráil sa chlár comhardaithe maidir leis an athrú ar theidlíochtaí pinsin, sna hathruithe eile i gcuntais sócmhainní. Taispeánann teidlíochtaí thairbhíthe na scéime, go háirithe, gnóthachain sealúchais nó cailteanais sealúchais sa chuntas athluachála a fhreagraíonn go díreach dóibh siúd ar na sócmhainní atá i seilbh an chiste pinsin chun na hoibleagáidí den sórt sin a chomhlíonadh.
- 17.101 Cruthaítear gnóthachain sealúchais nó cailteanais sealúchais nuair a infheistítear teidlíochtaí na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe pinsin. Tagann na gnóthachain sealúchais nó cailteanais sealúchais den sórt sin chun cinn trí athruithe ar luach na sócmhainní arna sealbhú ag an gciste pinsin, agus déantar suim atá díreach cothrom leis na gnóthachain sealúchais agus na cailteanais sealúchais a chur i leith mar mhéadú ar theidlíochtaí pinsin na dtairbhíthe. Déantar an t-athrú sin a thairbhíthe sa chuntas athluachála.

Idirbhearta a bhaineann le scéimeanna sochar sainithe pinsin

- 17.102 I gcás scéimeanna sochar sainithe pinsin, is é an fostóir amháin atá freagrach as na híocaíochtaí pinsin a dhéanamh. Maidir leis na roghanna eile ina n-úsáidtear scéim ilfhostóirí nó ina ngabhann an rialtas freagracht thar ceann an fhostóra, freagraíonn siad do na sainmhínte a thugtar i mír 17.76 agus i mír 17.77.
- 17.103 Ní mór don ranníocaíocht iomlán a dhéanann fostóir le scéim sochar sainithe pinsin thar ceann a fhostaí a bheith mór go leor le go mbeidh sí ar aon dul, in éineacht le haon ranníocaíocht iarbhír a dhéanann an fostaí agus gan an costas as oibriú na scéime a áireamh, leis an méadú ar an tseirbhís reatha i dteidlíochtaí pinsean an fhostaí. Roinntear an ranníocaíocht a dhéanann an fostóir i gcuid iarbhír agus i gcuid bharúlach, agus déantar an chuid bharúlach a ríomh mar mheaitseáil chruinn idir na ranníocaíochtaí uile leis an gciste a chuireann le teidlíochtaí an fhostaí agus costas seirbhíse reatha na dteidlíochtaí sin a riar.
- 17.104 Déantar ranníocaíocht an fhostóra a ríomh i gcoibhneas leis an teidlíocht phinsin a tuilleadh sa tréimhse sin, is cuma faoi aon ioncam ó infheistíocht a thuill an scéim sa tréimhse chéanna nó aon rómhaoiniú ar an scéim. Tá teidlíocht na tréimhse reatha mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe agus mura gcuirtear luach iomlán ranníocaíocht an fhostóra san áireamh déantar chúiteamh d'fhostaithe a ghanniontráil agus mar sin déantar róluacháil ar bharrachas oibriúcháin an fhostóra. Tá sé tábhachtach leanúint de ranníocaíochtaí a thaifeadh fiú i gcás saoire ó ranníocaíochtaí, nuair nach ndéanann an fostóir ranníocaíocht iarbhír, agus féachtar ar an sochar don fostóir mar athrú ar dhliteanais idir an ciste pinsin agus an fostóir. Fágann sé sin go bhfuil glanfhíúchas don dá cheann mar an gcéanna amháin is a bheidís nuair nach ndéantar ranníocaíochtaí a thaifeadh faoi shaoire ó ranníocaíochtaí, gan chúiteamh d'fhostaithe a laghdú go saorga.
- 17.105 I scéimeanna sochar sainithe, d'fhéadfadh tréimhse cháilitheach a bheith i gceist sula mbeidh fostaí cáilithe chun pinsean a fháil le linn scoir. D'ainneoin na tréimhse cáilithe sin, déantar ranníocaíochtaí agus teidlíochtaí araon a thaifeadh ó thús na fostaíochta, agus déantar iad a choigeartú le fachtóir a léiríonn an dóchúlacht go gcomhlíonfaidh an fostaí an tréimhse cháilitheach.
- 17.106 Déantar suim ranníocaíochtaí pinsin iarbhír agus barúlacha na bhfostóirí a láimhseáil mar chúiteamh d'fhostaithe. Déantar é a thaifeadh mar úsáid i leith an fhostóra sa chuntas giniúna ioncaim agus mar acmhainn i leith an fhostaí sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha.
- 17.107 Freagraíonn an méadú ar luach láithreach theidlíochtaí na bhfostaithe atá fós ag déanamh ranníocaíochtaí agus na bhfostaithe nach ndéanann ranníocaíochtaí a thuilleadh ach atá fós cáilithe do phinsin sa todhchaí don ioncam ó infheistíocht a dháiltear ar na fostaí. Ní dhéantar aon asbhaint maidir le haon suim a d'fhéadfaí a mhaoiniú ó ghnóthachain sealúchais nó nach bhfuil meaitseáil ann di sna cistí atá ann cheana. Meaitseáil an t-ioncam ó infheistíocht a dháiltear ar fhostaithe an tsuim atá dlite gan athbhír don fhostaí faoi na comhaontuithe atá i réim; níl an bealach trína bhféadfaidh an fostóir an oibleagáid sin a mheaitseáil sa deireadh ábhartha chun é sin a thaifeadh mar ioncam ó infheistíocht sa chaoi chéanna is nach mbíonn tionchar ag an mbealach a ndéantar ús nó díbhinní a mhaoiniú iarbhír ar an tslí a dtaifeadtar iad mar ioncam ó infheistíocht. Déantar an t-ioncam ó infheistíocht a thaifeadh mar úsáid i leith an chiste pinsin agus mar acmhainn i leith teaghlach. Déanann na teaghlacha é a athinfheistiú sa chiste láithreach agus cuirtear san áireamh é i bhforlíontaí ranníocaíochta pinsin.
- 17.108 Sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim, taispeántar ranníocaíochtaí sóisialta mar úsáid i leith teaghlach agus mar acmhainn i leith an chiste pinsin. Tá suim iomlán na ranníocaíochtaí sóisialta iníochta comhdhéanta de ranníocaíochtaí iarbhír agus barúlacha na bhfostóirí mar chuid de chúiteamh d'fhostaithe, gan suim na gcostas as an scéim pinsin a riar a chur san áireamh, móide ranníocaíochtaí iarbhír a dhéanann fostaí móide na forlíontaí ranníocaíochta atá sonraíte i mír 17.107. Mar a míníodh i mír 17.54 go mír 17.56 maidir le scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe, taispeántar sna cuntais luach iomlán na ranníocaíochtaí agus na bhforlíontaí ranníocaíochta mar aon le mír fritháirimh atá in ionannas leis an muirear seirbhíse iníochta. Is glanfhigiúr ranníocaíochtaí atá sa tsuim atá iníochta iarbhír.
- 17.109 Déantar na sochair phinsin a fhaigheann teaghlacha ón scéim pinsin a thaifeadh sa chuntas dáilte thánaistigh ioncaim. I gcás ina dtógtar na sochair i dtéarmaí blianachta, taispeántar na híocaíochtaí blianachta anseo, agus ní na cnaphuimeanna atá iníochta nuair a théann duine ar scor.
- 17.110 Tá iontráil sa chuntas úsáide ioncaim ina n-iontráiltear íocaíocht na seirbhíse a sholáthraíonn an ciste pinsin, cothrom le luach aschur an chiste pinsin móide aschur na ngnóthas a oibríonn blianachtaí a ceannaíodh le teidlíochtaí pinsean. Is ionann an iontráil sin agus úsáid i leith teaghlach agus acmhainn i leith an chiste pinsin.
- 17.111 Tá iontráil eile sa chuntas úsáide ioncaim ina dtaispeántar an méadú ar theidlíochtaí pinsin de thoradh teidlíochtaí pinsean breise a bheith deonaithe ag an bhfostóir ar an taobh amháin, lúide an laghdú ó na sochair infhála, ar an taobh eile. Déantar an tsuim sin a thaispeáint mar úsáid i leith teaghlach agus mar acmhainn i leith an chiste pinsin. Is é an réasúnaíocht dó sin gur cheart an t-athrú sin ar theidlíochtaí pinsin a áireamh i gcoigilt earnáil na dteaghlach toisc go dtéann sé i gcion go díreach ar glanfhíúchas na dteaghlach.

- 17.112 Déantar an tsuim a áirítear sa chuntas úsáide ioncaim mar shuim atá iníoctha ag an gciste pinsin le teaghlaigh a thaispeáint sa chuntas airgeadais mar athrú ar shócmhainní na dteaghlach i leith an chiste pinsin.
- 17.113 Féadfaidh eagraíochtaí eile, ar nós ceardchumann, scéim sochar sainithe pinsin a oibriú, dá gcomhaltaí, a fhreagróidh ar gach slí do scéim sochar sainithe pinsin an fhostóra. Cloítear leis an taifeadadh céanna, ach amháin gur cheart tagairtí don fhostóir a thuiscint mar thagairtí don bhainisteoir cistí pinsin, agus gur cheart tagairtí don fhostaí a thuiscint mar thagairtí don rannpháirtí sa scéim.
- 17.114 Taispeántar sampla uimhriúil i dTábla 17.4 d'fhonn taifeadadh na n-idirbheart a bhaineann le scéim sochar sainithe pinsin a léiriú. Tá na figiúirí ar figiúirí barúlacha iad faoi chló trom; tá na figiúirí a thig as atreorú faoi chló iodálach.

Tábla 17.4 — Cuntais le haghaidh sochar pinsin atá iníoctha faoi scéim sochar sainithe

Úsáidí					Saghas cuntais agus idirbheart	Acmhainní				
Fostóir	Ciste pinsin	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán		Fostóir	Ciste pinsin	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán
Cuntas táirgeachta										
					Aschur (P.1)		0,6			0,6
Cuntas giniúna ioncaim										
10,0				10,0	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí (D.1211)					
4,1				4,1	Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí (D.1221)					
Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha										
					Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí (D.1211)			10,0		10,0
					Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí (D.1221)			4,1		4,1
			2,2	2,2	Ioncam ó mhaoín (D.4)		2,2			2,2
	4,0			4,0	Ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean (D.442)			4,0		4,0
Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim										
		19,0		19,0	Iomlán ranníocaíochtaí pinsin teaghlach		19,0			19,0
		10,0		10,0	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí (D.6111)		10,0			10,0
		4,1		4,1	Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí (D.6121)		4,1			4,1
		1,5		1,5	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin teaghlach (D.6131)		1,5			1,5
		4,0		4,0	Forlíontaí ranníocaíochta pinsin teaghlach (D.6141)		4,0			4,0

Úsáidí					Saghas cuntais agus idirbhirt	Acmhainní				
Fostóir	Ciste pinsin	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán		Fostóir	Ciste pinsin	Teaghlaigh	Earnálacha eile	Geilleagar iomlán
		- 0,6		- 0,6	Muirir seirbhíse scéimeanna árachais shóisialta (D.61SC)		- 0,6			- 0,6
	16,0			16,0	Sochair árachais shóisialta phinsin eile (D.6221)			16,0		16,0
Cuntas úsáide ioncaim										
		0,6		0,6	Caitechas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3)					
	3			3	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin (D.8)			3		3
- 14,1	- 1,2	17,5	- 2,2	0	Coigilt					
Athruithe ar shócmhainní					Cuntas airgeadais	Athruithe ar dhliteanais				
					Glaniasachtaíocht/glaniasachtú (B.9)	- 14,1	- 1,2	17,5	- 2,2	0
		3		3	Teidlíochtaí pinsean (F.63)		3			3
	4,1			4,1	Éilimh chistí pinsin ar bhainisteoirí cistí pinsin (F.64)	4,1				4,1
- 10,0	- 2,3	14,5	- 2,2	0	Sócmhainní airgeadais eile					

- 17.115 Léirítear i ríomhanna achtúireacha go bhfuil an méadú ar theidlíochtaí pinsin a thig as seirbhís reatha, is é sin le rá glansuim na dteidlíochtaí pinsean breise a "tuilleadh" sa bhliain sin cothrom le 15. Ranníocann teaghlaigh (sealbhóirí polasaithe/fostaithe) 1,5. Ceanglaítear ar an bhfostóir, dá bhrí sin, 13,5 a sholáthar. Ina theannta sin, meastar go bhfuil an costas a bhaineann leis an scéim a oibriú cothrom le 0,6. Ní mór don fhostóir 14,1 a sholáthar, dá bhrí sin. Déanann sé ranníocaíocht iarbhrí cothrom le 10 agus is ranníocaíocht bharúlach an 4,1 eile dá bhrí sin. Taispeántar an t-aschur 0,6 sa chuntas táirgeachta; tuairiscítear tomhaltas na seirbhíse sin sa chuntas úsáide ioncaim. Taispeántar ranníocaíochtaí an fhostóra mar úsáid i leith an fhostóra sa chuntas giniúna ioncaim agus mar acmhainn i leith teaghlach sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha.
- 17.116 Taispeántar ioncam ó mhaoin sna cuntais leithdháilte ioncaim phríomha. Tá an méadú ar theidlíochtaí pinsin a thig as seirbhís roimhe seo cothrom le 4, de bharr leachtú an ráta lascaine toisc é a bheith bliain níos gaire don scor. Taispeántar é sin mar shreabhadh barúlach ioncaim ó mhaoin ón gciste pinsin chuig teaghlaigh. Ag an am céanna, tuilleann an ciste pinsin 2,2 iarbhrí ó ioncam ó infheistíocht ó na cistí a bhainistíonn sé. Ag an bpointe sin, dá bhrí sin, tá gannchion 1,8 in acmhainní an chiste pinsin ach ní thaispeántar sin sna cuntais reatha.
- 17.117 Taispeántar na híocaíochtaí ó theaghlaigh leis an gciste pinsin sna cuntais dáilte thánaistigh ioncaim. Is féidir léamh amháin as dhá léamh a dhéanamh air sin. Ba cheart go mbeadh suim na ranníocaíochtaí a íocann na teaghlaigh cothrom leis an méadú ar theidlíochtaí a thig as seirbhís reatha (15) móide an méadú a thig as ioncam ar theidlíochtaí roimhe seo (4) nó 19 san iomlán. Is iad na suimeanna a íodadh iarbhrí, áfach, 10 mar ranníocaíochtaí iarbhrí fostóirí, 4,1 mar ranníocaíochtaí barúlacha, 1,5 mar ranníocaíochtaí dílse teaghlach, 4 mar fhorlíontaí ranníocaíochta lúide muirear seirbhíse 0,6; is é sin le rá 19 san iomlán.
- 17.118 Chomh maith le ceannach an mhuirir seirbhíse atá mar chuid den chaitechas ar thomhaltas críochnaitheach, taispeántar an t-athrú ar theidlíochtaí pinsin, sa chuntas úsáide ioncaim, mar úsáid i leith an chiste pinsin agus mar acmhainn i leith teaghlach. Sa sampla seo, déantar suim na ranníocaíochtaí teaghlach atá cothrom le 19 a fhritháireamh in aghaidh sochar pinsin cothrom le 16. Dá bhrí sin, tá méadú, ar theidlíochtaí pinsin cothrom le 3 atá dlite do theaghlaigh.

Gaoil	Uimh. ró	Taifead	Bunchuntais náisiúnta							Níl sna bunchuntais náisiúnta	Iomlán scéimeanna pinsin	Contrapháirteanna: teidlíochtaí pinsin teaghlach neamhchónaitheach ⁽⁴⁾
		Bainisteoir cistí pinsin	Rialtas neamhghinearálta			An rialtas ginearálta						
		Scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe	Scéimeanna sochar sainithe agus scéimeanna ranníocaíochtaí neamhshainithe eile ⁽¹⁾	Iomlán	Scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe	Scéimeanna sochar sainithe d'fhostaithe an rialtais ginearálta ⁽²⁾			Scéimeanna slándála sóisialta pinsin			
						Aicmithe faoi chorp-aráidí airgeadais	Aicmithe faoin rialtas ginearálta ⁽³⁾	Aicmithe faoin rialtas ginearálta				
Uimhir cholúin	A	B	C	D	E	F	G	H	I	J		
7	Athrú ar theidlíochtaí i ngeall ar athruithe caibidlíthe ar struchtúr na scéime											
Athruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar shreafaí eile												
8	Athruithe ar theidlíochtaí i ngeall ar athluachálacha ⁽⁶⁾											
9	Athruithe ar theidlíochtaí i ngeall ar athruithe eile ar an méid ⁽⁶⁾											
Clár comhardaithe deiridh												
1+ 5 go 9	10	Teidlíochtaí pinsean										
Táscairí gaolmhara												
	11	Aschur										

(1) Bíonn idir ghné sochar sainithe agus ghné ranníocaíochta sainithe ag scéimeanna ranníocaíochtaí neamhshainithe eile den sórt sin, ar a dtugtar scéimeanna hibrideacha go minic.
 (2) Scéimeanna arna n-eagrú ag an rialtas ginearálta dá fhostaithe reatha agus dá iarfhostaithe.
 (3) Is scéimeanna neamhuathrialacha sochar sainithe iad na scéimeanna seo a ndéantar a dteidlíochtaí pinsean a thaifeadadh sna bunchuntais náisiúnta.
 (4) Ní dhéanfar sonraí contrapháirte maidir le teaghlach neamhchónaitheacha a thaispeánt ar leithligh ach amháin má tá tábhacht ag baint le gaolmhaireachtaí pinsin leis an gcuid eile den domhan.
 (5) Seasann na forlíontaí seo don toradh ar éilimh na rannpháirtithe ar scéimeanna pinsin; i gcás scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe is ó ioncam ó infheistíocht sócmhainní a thig an toradh sin; i gcás scéimeanna sochar sainithe tagann an toradh ó leachtú an ráta lascaine atá i bhfeidhm.
 (6) Is gá deighilt níos mionsonraithe ar na suíomhanna sin a sholáthar i gcás cholúin G agus H bunaithe ar na ríomhanna samhaltaithe a rinneadh do na scéimeanna sin. Níl feidhm leis na cealla ■; beidh sonraí nach ionann iad agus na sonraí ó na bunchuntais náisiúnta sna cealla i ■.

Colúin an tábla

17.125 Tagraíonn colúin an tábla don trí ghrúpáil ar leith scéimeanna pinsin:

- (1) de réir an chineáil taifeadta idir scéimeanna pinsin arna dtaifeadadh go hiomlán sna bunchuntais náisiúnta (colúin A go F) agus scéimeanna pinsin nach ndéantar a dteidlíochtaí a thaifeadadh ach sa tábla forlíontach amháin (colúin G agus H);
- (2) de réir an chineáil bainisteora cistí pinsin idir scéimeanna pinsin an rialtais neamhghinearálta (colúin A go C) agus scéimeanna pinsin an rialtais ginearálta (colúin D go H); taispeántar scéimeanna pinsin lena n-áirítear slándáil shóisialta atá aicmithe faoin rialtas ginearálta i gcolúin D, F, G agus H; agus

- (3) de réir an chineáil scéime pinsin idir scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe (colúin A agus D) agus scéimeanna sochar sainithe (colúin B agus E go G).
- 17.126 Is teaghlaigh chónaitheacha iad tairbhíthe na scéimeanna pinsin den chuid is mó. I dtíortha áirithe, áfach, d'fhéadfadh líon na dteaghlaigh neamhchónaitheach a fhaigheann sochair phinsin a bheith suntasach go leor. Sa chás seo, cuirtear colún J isteach chun iomlán a bhaineann le teaghlaigh neamhchónaitheacha a thaispeáint.
- 17.127 Braithfeann an cinneadh maidir le teidlíochtaí pinsean i scéim neamhchistithe sochar sainithe pinsin a bhaineann le fostaíocht, i gcás inarb é an rialtas an bainisteoir cistí pinsin, a thaifeadadh sna cuntais chaighdeánacha náisiúnta nó sa tábla forlíontach amháin, ar an saghas scéime sochar sainithe atá i gceist. Is é an treoirphrionsabal maidir lena háireamh sna cuntais náisiúnta ná cé chomh gar is atá an scéim don scéim slándála sóisialta pinsin náisiúnta.
- 17.128 Tá éagsúlacht mhór scéimeanna ann san AE, agus chruthófaí neamhréireachtaí sna taifeadtaí dá n-áireofaí na scéimeanna ar fad. Is sa tábla forlíontach amháin, dá bhrí sin, a thaifeadtar teidlíochtaí pinsean i scéimeanna neamhchistithe sochar sainithe pinsin a bhaineann le fostaíocht i gcás inarb é an rialtas an bainisteoir cistí pinsin. Bíonn tionchar aige sin freisin ar an modh ina ríomhtar ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí sna bunchuntais náisiúnta le haghaidh na scéimeanna sin.
- 17.129 Déantar scéimeanna pinsin a aicmiú tuilleadh de réir bainisteora cistí pinsin idir bainisteoirí cistí pinsin rialtais agus neamhrialtais. Foráiltear cur síos ar an sainmhíniú ar bhainisteoir cistí pinsin i mír 17.75.
- 17.130 Tá ballraíocht mheasctha i gcuid de na scéimeanna pinsin fostóirí, mar shampla fostaithe rialtais agus fostaithe corparáidí poiblí araon, agus tá cuid mhór scéimeanna pinsin tar éis ballraíocht rannpháirtithe a bhog chuig fostóirí eile a reo. Níl aon bhac cur síos ar scéim mar scéim a bhfuil bainisteoir cistí pinsin rialtais aici toisc go bhfuil céatadán beag d'fhostaithe neamhrialtais inti.
- 17.131 Taispeántar scéimeanna cistithe sochar sainithe an rialtais ghinearálta dá fhostaithe féin i gcolún E agus i gcolún F. Taispeántar scéimeanna atá á mbainistiú ag ciste pinsin nó ag corparáid árachais i gcolún E agus na scéimeanna atá á mbainistiú ag an rialtas ghinearálta féin i gcolún F. Taispeántar scéimeanna atá á n-oibriú ag an rialtas dá fhostaithe féin, ach nach léirítear na teidlíochtaí pinsean sna bunchuntais náisiúnta, i gcolún G. Is éard a léirítear i gcolúin E, F agus G le chéile, dá bhrí sin, an fhreagracht iomlán atá ar an rialtas as teidlíochtaí pinsean dá fhostaithe féin.
- 17.132 Déantar scéimeanna pinsin a aicmiú de réir an chineáil scéime idir scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe pinsin (colúin A agus D) agus scéimeanna sochar sainithe pinsin (colúin B, E, F agus G). Baineann colún H le scéimeanna slándála sóisialta pinsin.

Rónna an tábla

- 17.133 Baineann rónna an tábla le suíomhanna an chláir chomhardaithe, le hidirbhearta agus le sreafaí eile a bhaineann le teidlíochtaí pinsean sna scéimeanna a áirítear sa tábla forlíontach agus taispeántar iad ceann ar cheann i dTábla 17.6. Bíonn réiteach ann idir stoc tosaigh na dteidlíochtaí pinsean sna scéimeanna sin ag tús tréimhse agus stoc deiridh na dteidlíochtaí pinsean ag deireadh tréimhse, agus cuirtear gach idirbheart agus gach sreabhadh eile le linn na tréimhse sin san áireamh. I gcás scéimeanna a thaifeadtar i gcolúin G agus H, ní dhéantar stoic na dteidlíochtaí pinsean a thaifeadadh sna bunchuntais náisiúnta, ach déantar cuid mhaith de na hidirbhearta a thaifeadadh sna bunchuntais náisiúnta.

Tábla 17.6 — Rónna an tábla fhorlíontaigh le haghaidh teidlíochtaí pinsin fabhraithe chun dáta in árachas sóisialta

Uimh. ró	
	Clár comhardaithe tosaigh
1	Teidlíochtaí pinsean
	Athruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar idirbhearta
2	Méadú ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar ranníocaíochtaí sóisialta
2.1	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí
2.2	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí

Uimh. ró	
2.3	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach
2.4	Forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach ⁽¹⁾
2.5	Lúide: Muirir seirbhíse scéimeanna pinsin
3	Méadú (achtúireach) eile teidlíochtaí pinsean i scéimeanna slándála sóisialta pinsin
4	Laghdú ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar íocaíochtaí sochar pinsin
5	Athruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar ranníocaíochtaí sóisialta agus sochair phinsin
6	Aistrithe teidlíochtaí pinsean idir scéimeanna
7	Athrú ar theidlíochtaí i ngeall ar athruithe caibidlíthe ar struchtúr na scéime
	Athruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar shreafaí eacnamaíocha eile
8	Athruithe ar theidlíochtaí i ngeall ar athluachálacha ⁽²⁾
9	Athruithe ar theidlíochtaí i ngeall ar athruithe eile ar an méid ⁽²⁾
	Clár comhardaithe deiridh
10	Teidlíochtaí pinsean
	Táscairí gaolmhara
11	Aschur

⁽¹⁾ Seasann na forlíontaí den sórt sin don toradh ar éilimh na rannpháirtithe ar scéimeanna pinsin; trí ioncam ó infheistíocht ar shócmhainní scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus ó leachtú an ráta lascaine atá i bhfeidhm i gcás scéimeanna sochar sainithe.

⁽²⁾ Is gá deighilt níos mionsonraithe ar na suíomhanna den sórt sin a sholáthar i gcás cholúin G agus H bunaithe ar na ríomhanna samhaltaithe a rinneadh do na scéimeanna sin (féach mír 17.158 go mír 17.160).

Clár chomhardaithe tosaigh agus deiridh

17.134 I ró 1 taispeántar stoc tosaigh na dteidlíochtaí pinsean, atá comhionann go díreach le stoc deiridh na tréimhse cuntasaíochta roimhe sin. I ró 10 taispeántar stoc deiridh comhfhreagrach na dteidlíochtaí pinsean ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta.

Athruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar idirbhearta

17.135 Déantar ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí agus fostaithe a thairfeadh i rónna 2.1 agus 2.3, de réir mar a dhéantar sna bunchuntais náisiúnta. I gcás scéimeanna pinsin áirithe, go háirithe scéimeanna slándála sóisialta pinsin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír a bhaineann le pinsin agus ranníocaíochtaí sóisialta a bhaineann le rioscaí sóisialta eile ar nós dífhostaíochta.

17.136 I gcás scéimeanna sochar sainithe pinsin, is iondúil go ndéantar ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí a thomhas mar ítim chomhardaithe — déantar aon athruithe ar theidlíochtaí feadh na bliana nach n-áirítear i rónna eile sa tábla a iontráil i ró 2.2. Cuimsíonn an ró seo aon éifeachtaí praiticiúla i gcás ina bhfuil difríocht ann idir an toradh breathnaithe ar thoisí samhaltaithe pinsin (ráta fáis pá, ráta boilscithe agus ráta lascaine) agus na leibhéil thoisí. Cuirtear neamhnithe isteach sa ró seo i gcás scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe.

17.137 Baineann ró 2.4 leis an ioncam tuille ó mhaoín nó leis an ioncam barúlach ó mhaoín sna scéimeanna, a threoraítear trí earnáil na dteaghlach nó tríd an gcuid eile den domhan. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-ioncam seo ó mhaoín comhionann le leachtú an ráta lascaine le haghaidh gach scéime sochar sainithe, lena n-áirítear slándáil shóisialta, bídís cistithe nó neamhchistithe. I bhfocail eile, tá an luach cothrom leis an ráta lascaine arna iolrú faoi na teidlíochtaí pinsean ag tús na tréimhse cuntasaíochta.

17.138 Taispeántar roinnt de na hiontrálacha i rónna cholúin G agus H, go háirithe na ranníocaíochtaí iarbhír a rinne fostaithe agus fostóirí araon, sna bunchuntais náisiúnta, cé nach dtaispeántar na teidlíochtaí agus na hathruithe ar theidlíochtaí iontu. Taispeántar iontrálacha eile i gcolúin G agus H sa tábla forlíontach amháin, agus tá na hiontrálacha sin faoi dhath liath sa tábla agus tugtar míniú ar an méid sin thíos.

- 17.139 Caithfear aird ar leith a thabhairt ar ranníocaíochtaí barúlacha fostóirí i leith na scéimeanna rialtais sin a dtaispeántar a dteidlíochtaí i gcolún G ach nach dtaispeántar sna bunchuntais náisiúnta iad. Sna bunchuntais náisiúnta déantar na ranníocaíochtaí barúlacha a mheas ar bhonn ríomhanna achtúireacha. I gcásanna nach bhfuil leibhéal iontaofachta leordhóthanach ag baint leis na ríomhanna achtúireacha, agus sna cásanna den sórt sin amháin, is féidir dhá bhealach eile a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí rialtais:
- (1) ar bhonn céatadáin réasúnta de phá agus tuarastail a íoctar le fostaithe reatha; nó
 - (2) iad a bheith cothrom leis an difear idir sochair reatha is iníochta agus ranníocaíochtaí iarbhrí is iníochta (ag fostaithe agus ag an rialtas mar fhostóir araon).
- Taispeántar ítimí i gcomhair forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach agus i gcomhair athruithe eile ar theidlíochtaí ar an mbonn céanna le hítimí i gcomhair scéimeanna príobháideacha.
- 17.140 Déantar ítim arna ríomh ar an mbonn achtúireach céanna maidir le slándáil shóisialta a thaispeáint i ró 3 mar “méadú (achtúireach) eile teidlíochtaí pinsean i scéimeanna slándála sóisialta”. Déantar é a idirdhealú ó ranníocaíochtaí barúlacha sóisialta fostóirí ar an dóigh sin.
- 17.141 Ós rud é go soláthraíonn an tábla forlíontach miondealuithe iomlána ar na hathruithe ar theidlíochtaí pinsin thar an tréimhse chuntasaíochta, is gá ró ar leith a thabhairt isteach chun déileáil leis an gcás nuair nach bhfuil bonn achtúireach le ranníocaíochtaí sóisialta iarbhrí a íoctar leis na scéimeanna slándála sóisialta pinsin, agus bíonn ranníocaíocht bharúlach ann dá bhrí sin, nach bhfuil aon fhostóir freagrach aisti. Déantar idirbhearta barúlacha den sórt sin i scéimeanna slándála sóisialta pinsin a thaispeáint i ró 3 mar mhéadú achtúireach eile teidlíochtaí pinsean i scéimeanna slándála sóisialta pinsin. Féadfaidh na hiontrálacha sa ró sin a bheith i bhfoirm dheimhneach nó dhiúltach — bíonn iontráil dhiúltach i gceist i scéim slándála sóisialta pinsin má tá an ráta lascaine níos airde ná ráta fáltais inmheánach na scéime. Is ionann ráta fáltais inmheánach scéime pinsin agus an ráta lascaine a chombhionannaíonn luach láithreach na ranníocaíochtaí iarbhrí atá íochta agus luach lascainithe na dteidlíochtaí pinsean a fabhraíodh trí na ranníocaíochtaí sin. Bíonn iontrálacha diúltacha ann, mar shampla, má tá na ranníocaíochtaí níos airde ná an leibhéal a theastaíonn ar bhonn achtúireach d’fhonn gannchion airgid gearrthréimhseach a mhaoiniú.
- 17.142 Níl ró 3 in ionannas le haistriú airgid ó ioncam ó chánacha, agus dhéanfaí iad a thaifeadadh sna cuntais chaighdeánacha mar aistriú reatha idir aonaid rialtais mura bhfuil aon tionchar acu ar theidlíochtaí pinsin. I roinnt Ballstát, déanann rialtais aistriú chuig scéimeanna pinsin, aistriú a mhéadaíonn teidlíochtaí pinsean (mar shampla má dhéantar aistriú le haghaidh grúpaí sóisialta ar leith nach féidir leo ranníocaíocht dhíreach a dhéanamh), rud a léireodh gur cheart na suimeanna a áireamh go hintuigthe i bhfigiúr an ró seo, agus é a ríomh de réir difríochta.
- 17.143 Difríochtaí a thugtar faoi deara sa tréimhse chuntasaíochta idir fás toimhdithe pá agus fás iarbhrí pá (is é sin an chuid de na héifeachtaí praiticiúla nó éifeachtaí achtúireacha ar fás pá é le linn samhaltaithe) is gá na difríochtaí sin a léiriú in idirbhearta (ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí), taobh leis na héifeachtaí praiticiúla eile ar fad.
- 17.144 I ró 3, iontráiltear aon éifeachtaí praiticiúla a breathnaíodh i gcás scéimeanna slándála sóisialta pinsin i gcás ina bhfuil difríocht idir an toradh breathnaithe ar thiomhdí samhaltaithe pinsin (ráta fáis pá, ráta boilsicthe agus ráta lascaine) in aon bhliain ar leith agus na leibhéil thiomhdithe.
- 17.145 Déantar na sochair phinsin a íoctar le linn na tréimhse cuntasaíochta a thaispeáint i ró 4. Nuair a íoctar sochair phinsin déantar roinnt de na teidlíochtaí pinsean atá sa stoc tosaigh i ró 1 a shocrú.
- 17.146 Taispeántar na hathruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar ranníocaíochtaí agus sochair i ró 5. Is é sin ró 2 móide ró 3 lúide ró 4. Tá an ítim chomhardaithe sin a thomhaistear sna cuntais neamhairgeadais combhionann leis an ítim chéanna a thomhaistear sna cuntais airgeadais.
- 17.147 Saintréith amháin den timpeallacht pinsin atá ag athrú is ea gur féidir le duine pinsean inaistriú a bheith aige anois, agus gur féidir an teidlíocht phinsin a aistriú ó iarfhostóir go fostóir nua má athraíonn sé post. Nuair a tharlaíonn sin, ní dhéantar aon difear do theidlíocht phinsin an teaghlaihl lena mbaineann ach bíonn idirbheart idir an dá scéim pinsin de réir mar a ghabhann an scéim nua seilbh ar dhliteanas na seanscéime. Ina theannta sin, beidh idirbheart contrapháirte ann i roinnt sócmhainní chun na dliteanas sin a mheaitseáil.
- 17.148 Má ghabhann an rialtas an fhreagracht as pinsin a sholáthar d’fhostaithe aonaid neamhrialtais trí idirbheart sainráite, is gá aon íocaíocht a dhéanfaidh an t-aonad neamhrialtais a thaifeadadh mar ranníocaíochtaí sóisialta réamhíochta (F.89). Déantar cur síos breise ar an saghas sin socraithe i mír 20.272 go mír 20.275.

- 17.149 Nuair a ghabhann aonad amháin an fhreagracht as teidlíochtaí pinsean ó aonad eile, déantar dhá idirbheart a thaifeadh i ró 6. Ar dtús, déantar teidlíochtaí pinsean a aistriú ón scéim pinsin bhunaidh chuig an scéim pinsin nua. Ansin, d'fhéadfaí airgead nó sócmhainní airgeadais eile a aistriú chun an scéim pinsin nua a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach ionann go díreach luach aistriú na sócmhainní airgeadais agus luach na dteidlíochtaí pinsean aistrithe. Sa chás sin, teastaíonn iontráil eile, an tríú hiontráil, in idirbhearta aistrithe caipitil chun na hathruithe ar ghlanfhiúchas sa dá aonad lena mbaineann a léiriú i gceart.
- 17.150 Tá na scéimeanna pinsin arna mbainistiú ag fostóirí á n-athchóiriú acu níos mó ná riamh mar fhreagairt ar thosca déimeagrafacha agus ar thosca eile. Féadfaidh na hathchóirithe a bheith i bhfoirm athrú ar an bhfoirmle chun sochair a ríomh, athrú ar an aois scoir, nó athrú ar fhorálacha eile sna scéimeanna.
- 17.151 Ní dhéantar ach na hathchóirithe sin atá curtha i bhfeidhm a thaifeadh sna cuntais náisiúnta, sna meastacháin ar theidlíochtaí pinsin sa bhliain inar cuireadh i bhfeidhm iad agus sna sreafaí breathnaithe ina dhiaidh sin. Ní leor fógra ón bhfostóir go bhfuil sé de rún aige athchóiriú pinsin a dhéanamh mar bhonn chun éifeachtaí an athchóirithe a thabhairt isteach i sonraí na gcuntas náisiúnta.
- 17.152 I gcásanna áirithe ina bhfuil athchóiriú á dhéanamh, roghnaíonn an fostóir cearta dílsithe na rannpháirtithe reatha a fhágáil mar atá siad agus ní chuireann sé na socrúithe athchóirithe i bhfeidhm ach maidir le héadálacha teidlíochtaí breise amach anseo. Ní bheadh aon tionchar láithreach aige sin ar shochair phinsin reatha. Bheadh an tionchar sin le sonrú agus sochair phinsin á dtomhas amach anseo, i gcomhréir leis an gcur chuige fabhráithe go dáta.
- 17.153 I gcásanna áirithe, áfach, cinneann an fostóir athchóirithe a dhéanamh a dhéanfaidh difear do na teidlíochtaí fabhráithe go dáta le haghaidh rannpháirtithe reatha, mar shampla, méadú ginearálta ar aois scoir do na rannpháirtithe ar fad. Athraíonn na cineálacha athchóirithe den sórt sin stoc na dteidlíochtaí pinsean le linn na bliana ina gcuirtear i bhfeidhm iad. Ní foláir cuntas a thabhairt ar an éifeacht mar shreabhadh. D'fhéadfadh an sreabhadh sin a bheith an-mhór toisc go bhfuil éifeacht aige ar theidlíochtaí pinsin reatha agus ar theidlíochtaí pinsin sa todhcháil.
- 17.154 Déantar athruithe ar theidlíochtaí pinsin a thaifeadh sna hidirbhearta seo a leanas:
- (a) má áirítear teidlíochtaí scéime pinsin sna bunchuntais náisiúnta, agus má aontaíonn an fostóir athrú a dhéanamh ar théarmaí na dteidlíochtaí pinsean trí chaibidlíocht leis an bhfostaí lena mbaineann, déantar an t-athrú sin a thaifeadh sna bunchuntais náisiúnta (faoi ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí);
 - (b) mura ndéantar teidlíochtaí scéime pinsin a thaifeadh sna bunchuntais náisiúnta, agus má aontaíonn an fostóir athrú a dhéanamh ar théarmaí na dteidlíochtaí pinsean trí chaibidlíocht leis na fostaithe lena mbaineann, déantar an t-athrú sin a thaifeadh mar idirbheart sa tábla forlíontach;
 - (c) i gcás na slándála sóisialta, má aontaíonn na húdaráis pharlaiminte athruithe a dhéanamh ar theidlíochtaí pinsin, déantar é sin a thaifeadh sa tábla forlíontach amhail is dá mba athrú caibidlíthe é.
- 17.155 Déantar athruithe ar theidlíochtaí pinsin a fhorchuirtear gan chaibidlíocht a thaifeadh mar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.
- 17.156 Déantar athruithe ar theidlíochtaí fabhráithe go dáta agus a thig as seirbhís roimhe sin a thaifeadh mar aistrithe caipitil.
- 17.157 I ró 7, taispeántar an tionchar atá ag athchóirithe struchtúir scéimeanna pinsin ar theidlíochtaí a bhaineann le seirbhís roimhe sin.

Athruithe ar theidlíochtaí pinsin i ngeall ar shreafaí eacnamaíocha eile

- 17.158 I rónna 8 agus 9 tugtar cuntas ar shreafaí eile a thig faoi athluachálacha agus athruithe eile ar an méid a bhaineann le scéimeanna pinsin in árachas sóisialta. I dTábla 17.7 taispeántar sreafaí eile, a roinntear in athluachálacha agus in athruithe eile ar an méid.
- 17.159 Tagann athluachálacha as athruithe ar phríomhthoimhdí samhaltaithe sna ríomhanna achtúireacha. Is ionann na toimhdí sin agus an ráta lascaine, an ráta pá agus an ráta boilscithe. Ní áirítear éifeachtaí praiticiúla ach amháin murar féidir iad a aithint ar leithligh. Is mó seans atá ann go ndéanfar athruithe eile ar mheastacháin achtúireacha a thaifeadh mar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní. Tá éifeachtaí na n-athruithe ar phraghsanna i ngeall ar na teidlíochtaí a infheistiú le taifeadh mar athluachálacha sa chuntas athluachála.
- 17.160 Nuair a athraítear na toimhdí déimeagrafacha a úsáidtear sna ríomhanna achtúireacha, déantar iad a thaifeadh mar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.

Tábla 17.7 — Sreafaí eile a thig faoi athluachálacha agus athruithe eile ar mhéid na sócmhainní

<u>Athluachálacha</u>
Athruithe ar ráta lascaine toimhdithe
Athruithe ar fhorbairtí pá toimhdithe
Athruithe ar fhorbairtí praghais toimhdithe
<u>Athruithe eile ar mhéid na sócmhainní</u>
Athruithe ar thiomhdí déimeagrafacha
Athruithe eile

Táscairí Gaolmhara

17.161 Déantar seirbhísí airgeadais arna dtáirgeadh ag na scéimeanna pinsin go léir a thairgeadh mar sheirbhísí a íocann rannpháirtithe na scéime, agus, ar an dóigh sin, ní dhéantar costais na scéimeanna pinsin a thairgeadh mar thomhaltas idirmheánach an fhostóra a oibríonn an scéim. Taispeántar seirbhísí airgeadais deighilte ó ranníocaíochtaí sóisialta i gCairt 17.1, dá réir sin. Toisc go dtaispeántar seirbhísí airgeadais ar an dóigh sin, is ionann go díreach na figiúirí a thaispeántar mar ranníocaíochtaí a fhaigheann fostaithe óna bhfostóirí agus an chuid sin de na ranníocaíochtaí a íocann na fostaithe leis an scéim pinsin. Ina theannta sin, ní gá an chuid sin de na ranníocaíochtaí sóisialta a chumhdaíonn an muirear seirbhíse a thaispeáint. Is ionann é agus an forlónadh ranníocaíochta teaghlach a chumhdaíonn an muirear seirbhíse i gcás scéime ranníocaíochtaí sainithe agus is ionann é agus ranníocaíocht teaghlach nó ranníocaíocht fostóirí a chumhdaíonn é i gcás scéime sochar sainithe.

Toisc go ndéantar aschur a thairgeadh i gcás gach scéime pinsin fostóirí agus go dtomhlaíonn rannpháirtithe na scéime é, taispeántar i ró 11 an t-aschur de réir an chineáil scéime.

Cairt 17.1 — Teidlíochtaí pinsean agus athruithe orthu

	Ranníocaíochtaí (iarbhír, barúlacha de sin: ioncam ó mhaoin) (rónna 2 agus 3)	Sochair phinsin (ró 4)	
	Sreafaí eile (athluachálacha, athruithe eile i méideanna) (rónna 8 agus 9)	Seirbhísí airgeadais a thairgeadh	
		Athruithe ar theidlíochtaí pinsin (i ngeall ar idirbhearta agus ar shreafaí eile eacnamaíochta)	
Teidlíochtaí pinsean ag tús na tréimhse (ró 1)			Teidlíochtaí pinsean ag deireadh na tréimhse (ró 10)
Stoc ag t_0	Idirbhearta agus sreafaí eile idir t_0 agus t_1		Stoc ag t_1

Is feidhm tháscach amháin atá ag an gcairt sin agus níor cheart aon bhrí ar leith a cheangal le méid na mboscaí éagsúla.

Toimhdí achtúireacha**Teidlíochtaí fabhráithe go dáta**

- 17.162 Déantar teidlíochtaí pinsean i gcuntais náisiúnta a thomhas ar bhonn comhlán. Ní chuirtear aon sócmhainní ná ranníocaíochtaí sóisialta carntha san áireamh chun glanteidlíochtaí d'aon chineál a thiomsú. Ní chumhdaítear ach teidlíochtaí pinsean atá dlite ar shochair phinsin iarbhrí agus todhchaí.
- 17.163 Tá coincheap an dliteanais fhabhráithe go dáta oiriúnach chun críoch cuntas náisiúnta. Áirítear ann luach láithreach na dteidlíochtaí pinsean a thig as cearta pinsin a fabhraíodh cheana féin. Mar shampla, cuimsíonn sé na teidlíochtaí pinsean a d'fhabhraigh fostaithe reatha, lena n-áirítear teidlíochtaí pinsean iarchurtha, agus teidlíochtaí pinsean eile na bpinsinéirí atá ann cheana.
- 17.164 Mar is amhlaidh i gcás sonraí na gcuntas náisiúnta go léir, déantar na sonraí a thomhas ar bhonn *ex-post*, toisc nach n-áirítear iontu ach luachanna reatha na dteidlíochtaí a thig as cearta pinsin fabhráithe ag dáta an chláir chomhardaithe. Tá an modh bunaithe ar theagmhais agus ar idirbhearta inbhreathnaithe a tharla san am atá caite, ar nós ballraíochta sa scéim pinsin agus ranníocaíochtaí íoctha. Braitheann na bearta *ex-post* den sórt sin ar roinnt toimhdí sa phróiseas samhaltaithe chomh maith. Déantar meastacháin ar an dóchúlacht go bhfaigheadh na ranníocóirí reatha bás nó go mbeadh siad faoi mhíchumas sula mbainfeadh siad amach aois inphinsin. Léiríonn na bearta freisin athruithe todhchaí ar an sreabhadh íocaíochta i ngeall ar aon reachtaíocht a cuireadh i bhfeidhm roimh an mbliain a bhfuil teidlíochtaí pinsean á ríomh ina leith. Ar deireadh, éilítear leis an modh seo roinnt toimhdí tábhachtacha ar fhorbairtí todhchaí, go háirithe maidir leis an ráta lascaine d'íocaíochtaí pinsin sa todhchaí.

Ráta Lascaine

- 17.165 Tá an ráta lascaine a chuirtear i bhfeidhm maidir le meastacháin ar shochair phinsin todhchaí i gcás teidlíochtaí fabhráithe go dáta ar cheann de na toimhdí is tábhachtaí a bheidh le déanamh maidir le scéimeanna pinsin a shamhaltú, toisc go bhféadfadh tionchar carnach an-mhór a bheith aige thar roinnt mhaith blianta. D'fhéadfadh an ráta lascaine ó chur chuige roghnaithe athrú le himeacht ama, rud a chuirfeadh athluachálacha faoi deara sna cuntais.
- 17.166 Is féidir an ráta lascaine a thuiscint mar ráta atá comhionann leis an ráta toraidh saor ó riosca a bhfuil súil leis ar shócmhainní arna sealbhú ag scéim pinsin. I gcás teidlíochtaí pinsean a bheidh le híoc amach anseo is féidir an ráta lascaine a thuiscint freisin mar chostas caipitil sa dóigh go gcaithfear íocaíochtaí todhchaí a bheith maoinithe ag an rialtas, trí na gnáthfhoinsí:

- (a) éadálacha dliteanas, glan, ar nós iasachtaí agus urrús fiachais;
- (b) glandíolacháin sócmhainní; agus
- (c) ioncam an rialtais.

Is féidir ráta lascaine a dhíorthú ón gcostas maoinithe sin.

- 17.167 Is ráta saor ó riosca atá sa ráta lascaine. Tugtar roinnt critéar maidir le rátaí oiriúnacha a aithint anseo a leanas. Tá an ráta lascaine do bhannaí rialtais agus do bhannaí corparáide ar ardchailíocht, e.g. ag rátáil "AAA", ina phointe tagartha iomchuí. Ní úsáidtear torthaí ar bhannaí corparáide ardchailíochta ach i gcás ina bhfuil margáil leathana ann. Is é an méid den téarma a bheidh fágtha, amhail i gcás teidlíochtaí pinsean, a bheidh in aibíocht na mbannaí. Moltar ráta lascaine bunaithe ar aibíocht fhadtéarmach a úsáid, ina mbeidh 10 mbliana nó níos mó san fhadtéarma. Is féidir meán an ráta lascaine thar roinnt blianta, nasctha le fad an timthrialla eacnamaíoch, a chur i bhfeidhm chun amshraith an ráta lascaine a dhéanamh níos réidh. Ba cheart don toimhde ar an ráta lascaine agus forbairt todhchaí pá a bheith comhleanúnach. Tá ceangal ar na Ballstáit sonraí a sholáthar lena léireofar bailíocht an ráta lascaine arna úsáid do theidlíochtaí pinsin i bhfianaise na gcritéar éagsúil thuasluaite.
- 17.168 Ba cheart an ráta lascaine céanna a úsáid do gach scéim pinsin i gcás inarb é an rialtas an bainisteoir cistí pinsin (lena n-áirítear scéimeanna slándála sóisialta pinsin) ag cibé leibhéal rialtais ós rud é gur cheart go mbeadh an toradh inmhianaithe geall le comhionann leis na torthaí saor ó riosca.

Fás Pá

- 17.169 Is minic a chuireann scéimeanna sochar sainithe pinsin foirmle i bhfeidhm maidir le tuarastal na rannpháirtithe, cibé acu tuarastal deiridh, meán thar thréimhse blianta nó tuilleamh saoil, chun leibhéal pinsin a chinneadh. Bíonn tionchar ag an meánfás ar thuarastail na rannpháirtithe sa scéim, go háirithe trí ardú céime agus forbairt gairmeacha, ar na pinsin deiridh a íoctar.
- 17.170 Is iomchuí, dá bhrí sin, toimhdí maidir le forbairt pá amach anseo a mheas. Ba cheart go bhfreagródh an fhorbairt pá a thoinhdeítear a bheidh ann go fadtéarmach don ráta lascaine breathnaithe. Tá an dá athróg sin spleách ar a chéile san fhadtéarma.

- 17.171 Baineann cuntasóirí leas as dhá mhodh achtúireacha chun an tionchar a bhíonn ag méaduithe pá a thomhas. Ní dhéanann an oibleagáid sochair fhabhráithe (ABO — *accrued benefit obligation*) ach na sochair a fábhraíodh go dtí seo a thaifeadadh. Seasann an coincheap sin don tsuim a d'fhéadfadh fostóir a thabhairt leis dá bhfágadh sé an gnóthas amárach, agus d'fhéadfaí é a úsáid mar bhunús chun glanfhiúchas duine a mheas i gcás socraíochta colscartha, mar shampla.
- 17.172 Bealach níos stuama chun an leibhéal teidlíochta is dócha a bheidh ann a thomhas is ea an oibleagáid sochair réamh-mheasta (PBO — *projected benefit obligation*). I gcás duine aonair, cruthaíonn an modh PBO toimhdí faoin líon arduithe céime is dócha a gheobhaidh an duine agus déantar a thuarastal deiridh a ríomh dá réir. Ina dhiaidh sin, murar oibrigh an duine aonair sin ach 20 bliain as na 40 bliain a bhí súil leis, roinntear an tuarastal deiridh ina dhá leath agus ríomhtar teidlíocht phinsin an duine amháil is dá mba é sin a thuarastal reatha. I gcás ina dtagann méadú de réir a chéile ar ABO duine de réir mar a fhaigheann sé ardú céime, méadaíonn an PBO go rianúil le himeacht ama. I gcás duine aonair, bíonn an PBO níos airde i gcónaí ná an ABO go dtí an tráth a théann sé ar scor, tráth a mbíonn an ABO cothrom leis an PBO.
- 17.173 Is gá tionchar na n-arduithe pá a léiriú in idirbhearta, toisc go bhfuil cinneadh comhfhiosach eacnamaíoch á dhéanamh ag an bhfostóir agus ardú pá á thabhairt aige. Thairis sin, is é an toradh céanna a bheidh ar na modhanna ABO agus PBO san fhadtréimhse, i bprionsabal, is é sin go ndéantar na hidirbhearta céanna a thaifeadadh, fiú má bhíonn difríocht idir uainiú na n-idirbheart sin ag brath ar dhéimeagrafaic na scéime.
- 17.174 Déantar athruithe ar thoidhdí athruithe pá todhchaí, a dhéantar gach cúpla bliain i gcoitinne mar fhreagairt ar athbhreithniú ginearálta ar thoidhdí samhaltaithe pinsin nó i ngeall ar athstruchtúrú an luchta oibre, a thaifeadadh mar shreafaí eile (athluachálacha).
- 17.175 Déantar roinnt athróg éagsúil a bhreathnú sa chleachtas agus na modhanna ABO agus PBO á gcur i bhfeidhm ag brath ar an tslí ina láimhseáiltear éifeachtaí praghaís agus pá.
- 17.176 Fachtóir tábhachtach amháin is ea an tslí a fhéachtar ar shocruithe innéacsaithe pinsean, trína méadóidh an pinsean a bheidh le hóc i gcomhréir le fás pá ainmniúil tar éis scoir.
- 17.177 I bhfianaise a thábhachtaí is atá éifeachtaí pá, moltar go mbunóidh an rogha idir modh ABO nó modh PBO ar an bhfoirmle sochair is bunús sa scéim pinsin. I gcás ina bhfuil fachtóir le haghaidh méaduithe pá (roimh scor nó tar éis scoir) san áireamh, go hintuigthe nó go sainráite, san fhoirmle sin, ba cheart an modh PBO a úsáid. Mura bhfuil fachtóir dá leithéid ann, ba cheart an modh ABO a úsáid.

Toimhdí déimeagrafacha

- 17.178 Tá íocaíochtaí pinsin todhchaí faoi réir éifeachtaí déimeagrafacha, i dtéarmaí cothroime aoise/inscne agus i dtéarmaí fhad saoil na rannpháirtithe sa scéim. Is fada atá táblaí déimeagrafacha in úsáid chun scéimeanna pinsin agus scéimeanna árachas saoil a shamhaltú.
- 17.179 I gcás scéimeanna pinsin a bhaineann le fostaíocht, tá ballraíocht na scéime dea-shainithe agus ba cheart go mbeadh na sonraí ar fáil, dá bhrí sin. I gcás scéimeanna slándála sóisialta, is féidir dul ar iontaoibh sonraí faoin daonra i gcoitinne mura bhfuil aon sonraí sonracha ar fáil faoi bhallaíocht i scéimeanna slándála sóisialta.
- 17.180 A mhéid a bhaineann sé le táblaí básmhairéachta a úsáid, is inmhianta é táblaí atá sonracha ó thaobh inscne agus grúpaí fostaíthe a úsáid. Ba cheart grúpa na rannpháirtithe sin atá ag fáil pinsean míchumais a shamhaltú ag úsáid toimhdí fad saoil difriúla más féidir.
- 17.181 Ba cheart an méadú ar fhad saoil le himeacht ama a áireamh sna toimhdí fad saoil.
- 17.182 D'fhéadfaí toimhdí déimeagrafacha seachas toimhdí fad saoil a úsáid chun scéimeanna pinsin a shamhaltú, mar shampla rátaí torthúlachta, rátaí rannpháirtíochta san fhórsa saothair nó rátaí imirce don todhchaí i gcás ina bhfuil an sochar pinsin nó an fhoirmle innéacsaithe bunaithe ar chóimheas cleithiúnais nó ar chur chuige eile den chineál sin.
- 17.183 I gcás ina bhfuil luathscor i scéim neodrach ar bhonn achtúireach, ní dhéanfaidh sé aon difear don samhltú. Bíonn éifeacht, áfach, ag an luathscor nach bhfuil neodrach go hachtúireach, agus is amhlaidh go dtagann siad chun cinn go rialta i bhfianaise na rátaí úis éagsúla a chuirtear i bhfeidhm le linn luathscóir. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, iompar luathscóir a shamhaltú go hiomchuí, go háirithe i gcás ina n-ardaítear an aois inphinsin todhchaí trí athchóiriú.

CAIBIDIL 18

CUNTAIS NA CODA EILE DEN DOMHAN

RÉAMHRÁ

- 18.01 Taispeántar gníomhaíocht eacnamaíoch i gcuntais na n-earnálacha institiúideacha cónaitheacha: táirgeadh; giniúint, dáileadh agus athdháileadh ioncaim; tomhaltas; agus carnadh sócmhainní agus dliteanas. Taifeadann na cuntais sin idirbhearta i measc aonad cónaitheach, agus idirbhearta idir aonaid chónaitheacha agus aonaid neamhchónaitheacha arb iad an chuid eile den domhan.
- 18.02 Córas iata atá i CCE sa mhéid is go ndéantar an dá thaobh i ngach idirbheart a thaifeadadh sna cuntais mar úsáid agus acmhainn. I gcás aonad cónaitheach, ceadaíonn sé sin sraith cuntas atá alta agus comhtháite a tharraingt suas, agus áirítear na gníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir a dhéanann gach aonad institiúideach i seicheamh na gcuntas. Ní hamhlaidh atá i gcás na n-aonad neamhchónaitheach áfach. Ní féidir aonaid neamhchónaitheacha a bhreathnú ach trína n-idirghníomhaíocht le haonaid chónaitheacha den gheilleagar atá á thomhas, agus mar sin ní féidir ach a gcuid idirbheart le haonaid chónaitheacha a thaifeadadh. Déantar é sin trí earnáil dar teideal “an chuid eile den domhan” a chruthú, agus trí shraith speisialta de chuntais le hiontrálacha teoranta a thiomnú nach dtaispeánann ach na hidirbhearta a dhéanann aonaid neamhchónaitheacha le haonaid chónaitheacha.
- 18.03 Seo a leanas seicheamh na gcuntas d'earnáil na coda eile den domhan:
- (a) cuntas seachtrach earraí agus seirbhísí (V.I), ina gcuimsítear allmhairí earraí agus seirbhísí agus onnmhairí earraí agus seirbhísí;
 - (b) cuntas seachtrach na n-ioncam príomha agus tánaisteach (V.II) ina gcuimsítear cúiteamh d'fhostaithe, ioncam ó mhaoin agus ioncam ó infheistíocht, agus aistrithe reatha amhail aistrithe pearsanta (lena n-áirítear seoltáin oibrithe) agus cúnaimh idirnáisiúnta;
 - (c) na cuntais sheachtracha charntha (V.III), mar atá:
 - (1) cuntas caipitil (V.III.1), ina dtaispeántar aistrithe caipitil agus éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais;
 - (2) cuntas airgeadais (V.III.2), ina dtaispeántar idirbhearta sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais;
 - (3) cuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní (V.III.3.1), ina dtaispeántar urghabhálacha neamhchúitithe etc.;
 - (4) cuntas athluachála (V.III.3.2), ina dtaispeántar gnóthachain ainmniúla agus cailteanas ainmniúla sealúchais;
 - (d) is éard atá sa chuntas seachtrach sócmhainní agus dliteanas (V.IV) na cláir chomhardaithe tosaigh agus deiridh, agus na hathruithe ar luach na sócmhainní agus na ndliteanas sin idir an clár comhardaithe tosaigh agus an clár comhardaithe deiridh.

Taispeántar an seicheamh iomlán i gCaibidil 8, agus tagraíonn na huimhreacha cuntais idir lúibíní do na huimhreacha cuntais sa Chaibidil sin.

- 18.04 Toisc go dtarraingítear suas na cuntais ó thaobh earnáil na coda eile den domhan de, taispeántar allmhairí isteach sa gheilleagar intíre mar acmhainn, agus taispeántar onnmhairí amach ón ngeilleagar intíre mar úsáid, sa chuntas seachtrach earraí agus seirbhísí. Tarlaíonn aisiompú den chineál céanna trí chuntais ar fad na coda eile den domhan. Más comhardú deimhneach atá ann, léiríonn sé barrachas don chuid eile den domhan, agus easnamh don gheilleagar intíre iomlán. Ar an mbealach céanna, taispeánann comhardú diúltach easnamh don chuid eile den domhan, agus barrachas don gheilleagar intíre. Is dliteanas don gheilleagar intíre é sócmhainn airgeadais atá i seilbh na coda eile den domhan, agus is sócmhainn don gheilleagar intíre é dliteanas atá i seilbh na coda eile den domhan.
- 18.05 Tá an creat caighdeánach do staitisticí ar idirbhearta agus na staideanna idir geilleagar agus an chuid eile den domhan leagtha amach sa *Lámhleabhar maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí agus Staideanna Infheistíochta Idirnáisiúnta (an Séú heagrán)(BPM6)* ⁽¹⁾. Tá an lámhleabhar sin comhchuíbhithe le Córas na gCuntas Náisiúnta 2008, ach leagtar amach ann an idirghníomhaíocht idir an geilleagar intíre agus an chuid eile den domhan i sraith cuntas agus clár comhardaithe a chuireann an fhaisnéis i láthair ar bhealach difriúil. Sa Chaibidil seo leagtar amach cuntais earnáil na coda eile den domhan i CCE 2010, agus an ceangal idir iad agus cuntais idirnáisiúnta BPM6.

⁽¹⁾ An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, *Lámhleabhar maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí agus Staideanna Infheistíochta Idirnáisiúnta (an Séú heagrán)*, An Séú Eagrán (BPM6), 2009, ISBN 978-1-58906-812-4 (le fáil ar: <http://www.imf.org>).

CRÍOCH EACNAMAÍOCH

- 18.06 Is é an coincheap is coitianta i dtaca le críoch eacnamaíoch an ceantar atá faoi cheannas eacnamaíoch éifeachtach aon rialtais amháin. Mar sin féin, féadfar aontais airgeadra nó eacnamaíocha, réigiúin nó an domhan ina iomláine a úsáid, toisc go bhféadfadh siad bheith ina bhfócas freisin do bheartas maicreacnamaíoch nó d'anailís mhaicreacnamaíoch. Tugtar an sainmhíniú iomlán i gCaibidil 2 (mír 2.04 go mír 2.06).
- 18.07 D'fhonn a chinneadh má tá eintiteas ar leith cónaitheach laistigh de chríoch eacnamaíoch áirithe, caitear a bhunú:
- (1) má tá an t-eintiteas incháilithe mar aonad institiúideach, agus, más amhlaidh;
 - (2) má chomhlíonann an t-eintiteas na critéir atá leagtha amach i gCaibidil 2 maidir le cinneadh "cónaitheacht" freisin.

Áit chónaithe

- 18.08 Is é áit chónaithe gach aonaid institiúidigh an chríoch eacnamaíoch a bhfuil an ceangal is láidre aige léi, dá ngairtear a lárionad príomhleasa eacnamaíoch. Is ionann na coincheapa sin sa CCE, sa CCN 2008 agus sa BPM6. Le tabhairt isteach na téarmaíochta "lárionad príomhleasa eacnamaíoch", ní thugtar le tuiscint nach gá eintitis atá i mbun oibríochtaí suntasacha in dhá chríoch nó níos mó a dheighilt a thuilleadh (féach mír 18.12) nó gur féidir neamhaird a thabhairt ar aonaid institiúideacha nach bhfuil láithreach fhísiciúil shuntasach acu (féach mír 18.10 agus mír 18.15). Tugtar tuairisc iomlán ar choincheap na háite chónaithe go ginearálta, agus go háirithe maidir le teaghláigh, gnóthais agus eintitis eile, i gCaibidil 2.

AONAD INSTITIÚIDEACHA

- 18.09 Is ionann an coincheap "aonad institiúideach" i CCE, sa CCN 2008 agus sa BPM6. Tugtar an sainmhíniú ginearálta i gCaibidil 2, mír 2.12 go mír 2.16. Toisc go ndírítear ar an ngeilleagar náisiúnta, láimhseáiltear aonaid i gcásanna trasteorann ar bhealach ar leith. I roinnt cásanna, cuirtear eintitis dhlíthiúla le chéile in aon aonad institiúideach amháin má tá siad cónaitheach sa gheilleagar céanna, ach ní chuirtear le chéile iad má tá siad cónaitheach i ngeilleagair dhifriúla. Ar an mbealach céanna, is féidir eintiteas dlíthiúil a dheighilt i gcás ina bhfuil sé i mbun oibríochtaí suntasacha in dhá gheilleagar nó níos mó. Mar thoradh ar an láimhseáil sin, is soiléire cá bhfuil áit chónaithe na n-aonad agus déantar coincheap na críche eacnamaíche a neartú.
- 18.10 Is chun airgeadas a chruinniú a úsáideann corparáidí agus rialtais Eintitis Shainchuspóireacha (ESCanna) de ghnáth. I gcás ina bhfuil an ESC cónaitheach sa gheilleagar céanna leis an máthairchorparáid, bíonn an láimhseáil níos simplí. Ní bhíonn ceann ar bith de na tréithe ag an ESC de ghnáth a chiallódh gur eintiteas ar leithligh ón máthairchorparáid é, agus taispeántar sócmhainní agus dliteanas a thabhaíonn an ESC i gcuntais na máthairchorparáide. I gcás ina bhfuil an ESC neamhchónaitheach, éilíonn na critéir chónaithe d'earnáil na coda eile den domhan go n-aithneofaí eintiteas ar leithligh. Sa chás sin, taispeántar aon sócmhainní agus dliteanas a thabhaíonn an ESC in earnáil na coda eile den domhan, seachas in earnáil an gheilleagair intíre. Tugtar sainmhíniú ar an tslí ina láimhseáiltear ESCanna neamhchónaitheacha ar leis an rialtas ginearálta iad i mír 2.14.
- 18.11 Ní mór do bhaill uile teaghláigh a bheith cónaitheach sa gheilleagar céanna. Má tá cónaí ar dhuine amháin i ngeilleagar difriúil leis na baill eile de theaghlach, ní mheastar gur ball den teaghlach sin é an duine sin, cé go bhféadfadh ioncam agus costais a bheith á roinnt acu, nó sócmhainní a bheith ina seilbh acu le chéile.

BRAINSÍ MAR THÉARMA A ÚSÁIDTEAR I GCUNTAIS IDIRNÁISIÚNTA CHOMHARDÚ NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ

- 18.12 Is éard is brainse ann gnóthas neamhchorpraithe a bhfuil seilbh ag aonad neamhchónaitheach air; tugtar an mháthairchorparáid ar an aonad sin. Láimhseáiltear é mar chónaitheach agus mar shamhailchorparáid sa chríoch a bhfuil sé suite inti. Chun brainsí a aithint mar aonaid institiúideacha ar leithligh, teastaíonn tásca ar oibríochtaí suntasacha ar féidir iad a scaradh ón gcuid eile den eintiteas. Aithnítear brainse sna cásanna seo a leanas:
- (a) tá sraith iomlán cuntas, lena n-áirítear clár comhardaithe, ann don bhrainse; nó
 - (b) tá sé indéanta agus ciallmhar, de réir dearcaidh eacnamaíoch agus dearcaidh dhlíthiúil araon, na cuntais sin a thiomsú más gá. Toisc taifid ar leithligh a bheith ar fáil, tugtar le fios go bhfuil aonad iarbhrí ann agus tá sé praiticiúil dá bharr sin staitisticí a ullmhú.

Ina theannta sin, is gnách go mbíonn ceann amháin nó níos mó de na tosca seo a leanas ann:

- (a) tá an brainse i mbun táirgthe, nó tá sé beartaithe aige dul ina bhun, ar scála suntasach agus tá an táirgeadh sin bunaithe i gcríoch seachas críoch a cheannoífige ar feadh aon bhliana amháin nó níos mó:
 - (1) má tá láithreach fhísiciúil i gceist leis an bpróiseas táirgthe, ba cheart na hoibríochtaí a bheith lonnaithe go fisiciúil sa chríoch sin;

(2) Mura bhfuil láithreachth fhisiciúil i gceist leis an bpróiseas táirgthe, amhail roinnt cásanna baincúireachta, árachas, seirbhísí airgeadais eile, úinéireacht paitinní, trádmharcanna nó cóipcheart, trádáil cheannaíochta, agus “monarú fíorúil”, ba cheart na hoibríochtaí a aithint mar oibríochtaí sa chríoch de bhíri go bhfuil na hoibríochtaí cláraithe nó go bhfuil sainchónaí dlíthiúil acu sa chríoch sin;

(b) fiú má tá stádas díolmhaithe ó cháin aige, aithnítear go bhfuil an brainse faoi réir chóras cáiníoncaim an gheilleagair ina bhfuil sé lonnaithe, más ann dó.

18.13 Baineann impleachtaí maidir le tuairiscí staidrimh na máthairchorparáide agus an bhraínse aron le haithint na mbrainsí. Eisiatar oibríochtaí an bhraínse ó aonad institiúideach a cheannoifige agus ba cheart an dealú idir an mháthairchorparáid agus an brainse a dhéanamh ar bhonn comhsheasmhach sa dá gheilleagar atá i gceist. Féadfar brainse a aithint le haghaidh tionscadal tógála nó oibríochtaí soghluaiste mar iompar, iascaireacht nó comhairliúchán. Mura bhfuil na hoibríochtaí mór go leor chun brainse a aithint, áfach, láimhseáiltear iad mar onnmhairí earraí nó seirbhísí ón gceannoifig.

18.14 I roinnt cásanna, tugann réamhoibríochtaí a bhaineann le tionscadal infheistíochta díri todhchaí roimh chorprú dóthain fianaise chun cónaí a bhunú agus mar thoradh air, bunaítear samhailchorparáid dá bharr. Mar shampla, taispeántar ceadúnais agus costais dlíthiúla le haghaidh tionscadail mar nithe arna dtabhú ag samhailchorparáid, agus tá siad mar chuid de shreafaí infheistíochta díri isteach san aonad sin in áit díolacháin ceadúnas le neamhchónaitheigh, ná onnmhairí seirbhísí, faoi seach, chuig an gceannoifig.

AONAD CHÓNAITHEACHA BHARÚLACHA

18.15 I gcás ina bhfuil eintiteas neamhchónaitheach ina úinéir ar thalamh atá suite i gcríoch, déantar aonad barúlach a láimhseáiltear mar aonad cónaitheach a aithint chun críocha staidrimh mar úinéir na talún. Samhailchorparáid atá san aonad cónaitheach barúlach sin. Déantar foirgnimh agus déanmhais ghaolmhara agus feabhsuithe eile ar an talamh sin, léasanna talún le haghaidh tréimhsí fada, chomh maith le húinéireacht ar acmhainní nádúrtha seachas talamh, a láimhseáil mar chuid den aonad cónaitheach barúlach. Mar thoradh ar an láimhseáil den sórt sin, tá an neamhchónaitheach ina úinéir ar an aonad cónaitheach barúlach, in áit bheith ina úinéir ar an talamh go díreach, sa chaoi go bhfuil an neamhchónaitheach faoi dhliteanas cothromais, ach is sócmhainní de chuid an gheilleagair a bhfuil siad lonnaithe ann an talamh agus na hacmhainní nádúrtha eile i gcónaí. Is gnách go soláthraíonn an t-aonad cónaitheach barúlach seirbhísí dá úinéir, mar shampla cóiríocht i gcás tithe saoire.

18.16 Go ginearálta, má tá léas fadtéarmach ag aonad neamhchónaitheach ar shócmhainn dhochorraithe amhail foirgneamh, bíonn baint aige sin lena dhul i mbun táirgeadh sa gheilleagar a bhfuil sé lonnaithe ann. Más rud é, ar chúis ar bith, nach mbaineann aon ghníomhaíocht táirgthe leis, cruthaítear aonad cónaitheach barúlach freisin chun léas den sórt sin a chumhdach. Déantar an t-aonad neamhchónaitheach a láimhseáil, dá bhíri sin, mar úinéir an aonaid chónaitheigh bharúlaigh agus ní mar úinéir an fhoirgnimh, ar maoin de chuid an gheilleagair ina bhfuil sé lonnaithe é.

GNÓTHAIS I GCRÍOCHA ÉAGSÚLA

18.17 Oibríonn roinnt gnóthas mar oibríocht chomhtháite i níos mó ná críoch eacnamaíoch amháin, agus is gnách go mbaineann sin le gníomhaíochtaí trasteorann mar aerlínte, cuideachtaí loingseoireachta, scéimeanna hidrileictreacha ar aibhneacha teorann, píblínte, droichid, tolláin agus cáblaí faoin bhfarraige. Is gá brainsí ar leithligh a aithint ach amháin sa chás go seoltar an t-eintiteas mar oibríocht aonair gan chuntais ná cinnteoireacht ar leithligh do gach críoch ar leith ina oibríonn sé. I gcásanna den sórt sin, mar gheall ar an bhfócas lárnach ar shonraí le haghaidh gach geilleagair náisiúnta, tá sé riachtanach na hoibríochtaí a dheighilt idir na geilleagair. Déantar na hoibríochtaí a dháileadh go comhréireach de réir táscaire oiriúnach, atá sonrach don ghnóthas, ar an gcionmhairrecht de na hoibríochtaí atá i ngach críoch. Féadfar freisin oibríochtaí a dháileadh go comhréireach sa chaoi sin i gcás gnóthas i gcriosanna atá faoi réir comhriaracháin ag dhá rialtas nó níos mó.

MIONDEALÚ GEOGRAFACH

18.18 Ar mhaithe le cuntais an Aontais Eorpaigh a thiomsú, tá earnáil na coda eile den domhan (S.2) foroinnte mar seo a leanas:

(a) Ballstáit agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh (S.21):

(1) Ballstáit an Aontais Eorpaigh (S.211):

(i) Ballstáit an limistéir euro (S.2111);

(ii) Ballstáit atá lasmuigh den limistéar euro (S.2112);

(2) institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh (S.212):

(i) an Banc Ceannais Eorpach (BCE) (S.2121);

(ii) institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha, ach amháin BCE (S.2122);

(b) tíortha nach Ballstáit iad agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil cónaitheach san Aontas Eorpach (S.22).

18.19 Ar mhaithe le cuntais an limistéir euro a thiomá, féadfar na fo-earnálacha thuas a ghrúpáil mar seo a leanas:

Ballstáit an limistéir euro agus an Banc Ceannais Eorpach
(S.21 = S.2111 + S.2121)

Tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil cónaitheach sa limistéir euro
(S.2X = S.2112 + S.2122 + S.22)

Tá tuairisc ar na Cuntais Eorpacha i gCaibidil 19.

CUNTAIS IDIRNÁISIÚNTA CHOMHARDÚ NA NÍOCAÍOCHTAÍ

18.20 Tá na cuntais náisiúnta difriúil leis na cuntais idirnáisiúnta atá taispeánta sa BPM6. Taispeántar sna cuntais idirnáisiúnta na hidirbhearta idir geilleagar intíre agus geilleagar coigríoch ó thaobh an gheilleagair intíre de. Mar sin, taispeántar allmhairí mar úsáid (mar dhochair) agus taispeántar onnmhairí mar acmhainn (mar shochar).

Tá foirm achoimrithe de na cuntais idirnáisiúnta mar atá curtha i láthair sa BPM6 tugtha i dTábla 18.1.

18.21 Difríocht mhór eile idir cuntais idirnáisiúnta chomhardú na n-íocaíochtaí, agus cuntais na coda eile den domhan i CCE, is ea go n-úsáidtear catagóirí feidhmiúla sna cuntais idirnáisiúnta seachas ionstraimí sna haicmithe d'idirbhearta airgeadais i CCE. Déantar tuilleadh plé ar an tsaincheist sin i mír 18.57 agus i mír 18.58.

ÍTIMÍ COMHARDAITHE I gCUNTAIS REATHA NA gCUNTAS IDIRNÁISIÚNTA

18.22 Tá struchtúr na n-ítimí comhardaithe i gcomhardú na n-íocaíochtaí difriúil leis an struchtúr sna cuntais náisiúnta, sa mhéid is go bhfuil a ítimí comhardaithe féin ag gach cuntas sna cuntais náisiúnta chomh maith le hítimí eile a thugtar síos chuig an gcéad chuntas eile. Chun é sin a léiriú, tá a ítimí comhardaithe féin (comhardú ar ioncam príomha) agus comhardú carnach (comhardú ar earraí, seirbhísí agus ioncam príomha) ag an gcuntas ioncaim phríomha. Freagraíonn an comhardú seachtrach ar ioncam príomha do chomhardú na n-ioncam príomha agus is í sin an ítimí a théann isteach in OIN. Freagraíonn an comhardú seachtrach reatha do choigilteas ag an gcuid eile den domhan i gcoibhneas leis an ngeilleagar intíre. Taispeántar na hítimí comhardaithe i struchtúr cuntas an BPM6 i dTábla 18.1.

Tábla 18.1 — Cuntais sreafaí idirnáisiúnta Chomhardú na níocaíochtaí

Comhardú na níocaíochtaí			
Cuntais reatha	Sochair	Dochair	Iarmhéid
Cuntas earraí agus seirbhísí			
Earraí	462	392	70
Seirbhísí	78	107	- 29
Earraí agus seirbhísí	540	499	41
Cuntas ioncaim phríomha			
Cúiteamh d'fhostaithe	6	2	
Ús	13	21	
Ioncam dáilte corparáidí	36	17	
Tuilleamh athinfheistithe	14	0	
Ioncam príomha	69	40	29
Earraí, seirbhísí agus ioncam príomha	609	539	70

Comhardú na nÍocaíochtaí			
Cuntas ioncainm thánaistigh	Sochair	Dochair	Iarmhéid
Cánacha ar ioncam, ar rachmas	1	0	
Glanphréimheanna árachais neamhshaoil	2	11	
Éilimh árachais neamhshaoil	12	3	
Aistrithe idirnáisiúnta reatha	1	31	
Aistrithe reatha ilghnéitheacha	1	10	
Ioncam tánaisteach	17	55	- 38
Comhardú cuntais reatha			32

Cuntas caipitil

Éadálacha/diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe	0		
Aistrithe caipitil	1	- 4	
Comhardú cuntais chaipitil			- 3
Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-)			29
Cuntas airgeadais (de réir catagóire feidhme)	Athruithe ar shócmhainní	Athrú ar dhliteanais	Iarmhéid
Infheistíocht dhíreach	- 4	8	
Infheistíocht phunainne	17	7	
Díorthaigh airgeadais etc.	3	0	
Infheistíocht eile	42	22	
Sócmhainní cúlchiste	8	—	
Athrú iomlán ar shócmhainní/ar dhliteanais	66	37	
Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-) (airgeadas)			29
Glanearráidí agus glaneasnaimh			0

NA CUNTAIS D'EARNÁIL NA CODA EILE DEN DOMHAN AGUS A NGAOL LEIS NA CUNTAIS IDIRNÁISIÚNTA AR CHOMHARDÚ NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ

Cuntas seachtrach earraí agus seirbhísí

18.23 Tá an cuntas earraí agus seirbhísí comhdhéanta d'allmhairí agus onnmhairí earraí agus seirbhísí amháin toisc gurb iad siúd na haon idirbhearta earraí agus seirbhísí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Déantar earraí agus seirbhísí a thairgeadh nuair a athraítear úinéireacht eacnamaíoch ó aonad i ngeilleagar amháin go haonad i dtír eile. Cé gur gnách go mbíonn gluaiseacht fhisiciúil earraí i gceist nuair a athraítear úinéireacht, ní gá go mbeadh sé amhlaidh. I gcás trádála ceannaíochta, d'fhéadfadh sé go n-athrófaí úinéireacht earraí agus nach n-athródh an áit ina bhfuil siad go ndéanfaí iad a athdhíol le tríú páirtí.

Taispeántar i dTáblaí 18.2 agus 18.3 conas a thaifeadtar ar ioncam príomha agus tánaisteach i CCE agus sa BPM6.

Tábla 18.2 — Cuntas seachtrach earraí agus seirbhísí (CCE V.1)

Úsáidí			Acmhainní		
P.6	Onnmhairí earraí agus onnmhairí seirbhísí	540	P.7	Allmhairí earraí agus allmhairí seirbhísí	499
P.61	Onnmhairí earraí	462	P.71	Allmhairí earraí	392
P.62	Onnmhairí seirbhísí	78	P.72	Allmhairí seirbhísí	107
B.11	Comhardú seachtrach earraí agus seirbhísí	- 41			

Tábla 18.3 — Cuntas earraí agus seirbhísí sa BPM6

Cuntais reatha	Sochair	Dochair	Iarmhéid
Cuntas earraí agus seirbhísí			
Earraí	462	392	70
Seirbhísí	78	107	- 29
Earraí agus seirbhísí	540	499	41

18.24 Ní thaispeántar in allmhairí agus onnmhairí earraí a athraíonn suíomh ó gheilleagar amháin go geilleagar eile ach nach n-athraíonn an úinéireacht eacnamaíoch ina leith. Mar sin, ní thaispeántar earraí arna seoladh thar lear le haghaidh próiseála, nó earraí a sheoltar ar ais tar éis próiseála, mar allmhairí agus onnmhairí earraí; ní thaispeántar mar sheirbhís ach an táille a aontaíodh le haghaidh próiseála.

18.25 Leagann comhardú na n-íocaíochtaí béim ar an idirdhealú idir earraí agus seirbhísí. Léiríonn an t-idirdhealú sin leasanna beartais, sa mhéid is go bhfuil conarthaí idirnáisiúnta ar leithligh ann a chumhdaíonn earraí agus seirbhísí. Léiríonn sé freisin ceisteanna sonraí, sa mhéid is gur gnách go bhfaightear sonraí faoi earraí ó fhoinsí custaim, cé gur gnách go bhfaightear sonraí faoi sheirbhísí ó thaifid íocaíochtaí, nó ó shuirbhéanna.

18.26 Is é an phríomhfhoinsé sonraí le haghaidh earraí na staitisticí ar thrádáil idirnáisiúnta marsantais. Tugtar caighdeán idirnáisiúnta sna *Staitisticí ar Thrádáil Idirnáisiúnta Marsantais: Coincheapa agus Sainmhíneithe* ⁽¹⁾ Rev.2 (IMTS) na NA. Aithnítear sa BPM6 roinnt foinsí féideartha difríochta idir luach na n-earraí arna thaifeadadh i staitisticí ar thrádáil marsantais agus i gcomhardú na n-íocaíochtaí. Moltar tábla réitigh caighdeánach freisin chun cabhrú le húsáideoirí na difríochtaí den sórt sin a thuiscint. Mórfoinsé difríochta amháin is ea go n-úsáideann na caighdeáin do IMTS luacháil de chineál CAL (costas, árachas agus last-táille) le haghaidh allmhairí, agus go n-úsáideann comhardú na n-íocaíochtaí luacháil aonfhoirmeach SAB (an luach ag teorainn chustaim an gheilleagair onnmhairíochta, is é sin saor ar bord) le haghaidh onnmhairí agus allmhairí araon. Mar sin, is gá costais last-táille agus árachais a thabhaítear idir teorainn chustaim an onnmhairéora agus teorainn chustaim an allmhairéora a eisiamh. Mar thoradh ar éagsúlachtaí idir an luacháil de chineál SAB agus socrúithe conarthacha iarbhir, is gá roinnt costais lasta agus árachais a atreorú.

Tá na príonsabail luachála mar an gcéanna i CCE agus i gcomhardú na n-íocaíochtaí. Tá na príonsabail luachála céanna i gceist i CCE agus i gcomhardú na n-íocaíochtaí. Mar sin, ní mór luacháil SAB a leanúint chun onnmhairí agus allmhairí earraí a thaifeadadh (féach mír 18.32).

18.27 Ciallaíonn an bunús athrú úinéireachta a úsáidtear do chomhardú na n-íocaíochtaí go mbeidh am tuairiscithe na n-iontrálacha earraí comhsheasmhach leis na sreafaí airgeadais comhfhreagracha. Sa BPM6, níl aon eisceachtaí ó phrionsabal an athraithe úinéireachta ann a thuilleadh. I gcodarsnacht leis sin, leanann IMTS uainiú na próiseála custaim. Cé gur minic gur neastachán inghlactha é an t-uainiú sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach coigeartuithe a dhéanamh i roinnt cásanna, amhail earraí a sheoltar ar coinsíniú. I gcás earraí arna seoladh thar lear le haghaidh próiseála gan athrú úinéireachta, áirítear na gluaiseachtaí i luach na n-earraí in IMTS, ach is iad athruithe úinéireachta a chuirtear i láthair go príomha i gcomhardú na n-íocaíochtaí, agus mar sin, ní thaispeánfar i gcomhardú na n-íocaíochtaí ach na táillí a bhaineann le “seirbhísí monaraithe ar ionchuir fhísiciúla atá faoi úinéireacht daoine eile”; mar sin féin, moltar gluaiseachtaí i luach na n-earraí mar ítimí forlíontacha chun phróiseáil na gcineálacha socrúithe den sórt sin a thuiscint. Tugtar tuilleadh sonraí faoi thaifeadadh na socrúithe próiseála sin níos deireanaí sa Chaibidil seo. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le coigeartuithe eile ar IMTS chun meastacháin a thabhairt i gcomhréir leis an athrú ar úinéireacht eacnamaíoch earraí, go ginearálta nó mar thoradh ar chumhdach áirithe gach tíre. I measc na samplaí féideartha tá trádáil cheannaíochta, ór neamhairgeadaíochta, earraí ag teacht isteach sa chríoch nó ag imeacht aisti go neamhdhleathach, agus earraí faighte i gcalafort ag iompróirí.

⁽¹⁾ Na Náisiúin Aontaithe, *Staitisticí ar Thrádáil Idirnáisiúnta Marsantais: Coincheapa agus Sainmhíneithe*, 1998, ISBN 92-1-161410-4 (le fáil ar: <http://unstats.un.org>).

18.28 Is é atá in ath-onnmhairí earraí eachtracha (earraí a táirgeadh i ngeilleagair eile agus a onnmhairíodh roimhe sin gan úinéireacht eacnamaíoch a athrú) a onnmhairítear gan aon athrú substaintiúil ón riocht ina n-allmhairíodh roimhe sin iad. Toisc nach dtáirgtear earraí ath-onnmhairithe sa gheilleagar i gceist, tá ceangal níos lú acu leis an ngeilleagar ná mar atá ag onnmhairí eile. Is minic go mbíonn luachanna móra ath-onnmhairí ag geilleagair ar pointí móra traiseolta agus ar shuíomhanna mórdhíoltóirí iad. Imríonn ath-onnmhairí méadú ar na figiúirí le haghaidh allmhairí agus onnmhairí araon agus nuair a dhéantar cuid mhór ath-onnmhairithe, méadaítear cionmhaireacht na n-allmhairí agus na n-onnmhairí i ndáil leis na comhiomláin eacnamaíocha freisin. Mar sin, tá sé fóna ath-onnmhairí a thaispeáint ar leithligh. Déantar earraí a allmhairíodh agus atá ag feitheamh le hathollmhairíú a thaispeáint i bhfardail an úinéara eacnamaíoch chónaithe.

Tarlaíonn trádáil idirthurais i gcás ina dtrasnaíonn earraí tír ar a mbealach chuig a gceann scríbe deireanach, agus ina n-eisítear iad de ghnáth ó staitisticí trádála eachtraí, ó staitisticí chomhardú na n-íocaíochtaí agus ó na cuntais náisiúnta i gcás na tíre a dtrasnaítear.

Is é atá i dtrádáil shamhail-idirthurais earraí a allmhairítear isteach i dtír, a ndéantar a imríteach trí chustam le haghaidh saorchúrsaíochta laistigh den AE, agus a sheoltar ansin chuig tríú tír san AE. Ní gnách gur aonad institiúideach mar atá sainmhínithe i gCaibidil 2 é an t-eintiteas a úsáidtear le haghaidh imríteigh custaim, agus mar sin ní fhaigheann sé úinéireacht ar na hearraí. Sa chás sin, déantar an t-allmhairíú a thaispeáint sna cuntais náisiúnta mar allmhairíú díreach chuig an gceann scríbe deireanach, faoi mar a tharlaíonn sa trádáil idirthurais shimplí. Is é an luach iomchuí an luach a thaispeáint de réir mar a théann na hearraí isteach i dtír an chinn scríbe dheireanaigh.

18.29 Cuirtear earraí i láthair ar leibhéal comhiomlán i gcomhardú na n-íocaíochtaí. Is féidir miondealuithe níos sonraí ar thráchtearraí a fháil ó shonraí IMTS.

18.30 I gcomhardú na n-íocaíochtaí, soláthraítear sonraí le haghaidh an dá cheann déag seo a leanas de chomhchodanna a bhaineann le seirbhísí:

- (a) seirbhísí monaraithe maidir le hionchuir fhisiciúla atá faoi úinéireacht daoine eile;
- (b) seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin g.a.e.;
- (c) iompar;
- (d) taisteal;
- (e) tógáil;
- (f) seirbhísí árachais agus pinsin;
- (g) seirbhísí airgeadais;
- (h) muirir as maoin inleachtúil a úsáid g.a.e.;
- (i) teileachumarsáid, seirbhísí ríomhaire agus faisnéise;
- (j) seirbhísí gnó eile;
- (k) seirbhísí pearsanta, cultúrtha agus áineasa; agus
- (l) earraí agus seirbhísí rialtais g.a.e.

18.31 Is ítimí bunaithe ar oibreoir eacnamaíoch iad trí cinn de chomhchodanna caighdeánacha chomhardú na n-íocaíochtaí thuas, is é sin go mbaineann siad leis an bhfaighteoir nó an soláthróir, seachas leis an táirge é féin. Tá na míreanna faoi na catagóirí taisteal, tógáil agus earraí agus seirbhísí rialtais g.a.e.

- (a) Cumhdaíonn taisteal na hearraí agus na seirbhísí go léir arna bhfaíl ag neamhchónaithe le linn cuairteanna dá n-úsáid féin nó le tabhairt do dhaoine eile. Áirítear le taisteal earraí, iompar áitiúil, cóiríocht, béilí agus seirbhísí eile.
- (b) Cumhdaíonn tógáil luach iomlán an táirge arna sheachadadh ag an gconraitheoir, lena n-áirítear aon ábhair a aimsítear go háitiúil agus nach bhfuil taifead air, dá bhrí sin, in allmhairí agus onnmhairí earraí.
- (c) Cumhdaíonn earraí agus seirbhísí rialtais g.a.e. réimse ítimí nach féidir a shannadh do cheannteidil níos sonraí.

Seachas na trí mhír sin bunaithe ar oibreoir eacnamaíoch, tá na comhchodanna eile bunaithe ar tháirgí, agus tógtha ó na haicmí níos mionsonraithe de CPA Rev. 2. Taispeántar caighdeáin bhreise do thrádáil seirbhísí sa *Lámhleabhar um Staitisticí i ndáil le Trádáil Idirnáisiúnta Seirbhísí* ⁽¹⁾, a dhéantar a chomhchuíbhíú leis na cuntais idirnáisiúnta.

Luacháil

- 18.32 Tá na príonsabail luachála mar an gcéanna i CCE agus sna cuntais idirnáisiúnta. Úsáidtear luachanna margaidh sa dá chás, ach úsáidtear luachanna ainmniúla le haghaidh roinnt suíomhanna in ionstraimí i gcás nach bhfuil praghsanna margaidh inbhreathnaithe. Is cás speisialta é luacháil onnmhairí earraí agus allmhairí earraí sna cuntais idirnáisiúnta, agus úsáidtear pointe comhionann luachála, mar atá an luach ag teorainn custaim an gheilleagair onnmhairíochta, is é sin an luacháil de chineál SAB (saor ar bord). Leis an láimhseáil sin is féidir luacháil chomhsheasmhach a bhaint amach idir onnmhairí agus allmhairí agus déantar soláthar do bhunús comhsheasmhach tomhais i gcásanna ina bhféadfadh réimse leathan de shocrúithe conarthacha éagsúla a bheith i bhfeidhm ag na páirtithe, ó “díreach ón monarcha” ar thaobh amháin (ina bhfuil an t-onnmhairí freagrach as gach iompar agus árachas a shocrú) go “seachadta le dleacht íoctha” ar an taobh eile (ina bhfuil an t-onnmhairí freagrach as an iompar agus as an árachas ar fad chomh maith le haon dleachtanna ar allmhairí a shocrú).

Earraí le haghaidh próiseála

- 18.33 Idir CCE 95 agus CCE 2010 tá athrú bunúsach tagtha ar láimhseáil earraí a sheoltar thar lear le haghaidh próiseála gan athrú úinéireachta. I CCE 95, taispeánadh earraí den sórt sin mar onnmhairí tar éis iad a sheoladh thar lear, agus ansin rinneadh iad a thaifeadadh mar allmhairí nuair a d’fhill siad anall ón gcoigríoch, ach ar luach níos airde mar thoradh ar an bpróiseáil. Thugtaí an modh olltaifeadta air sin, agus is é an éifeacht a bhíonn aige a iontráil go barúlach gur tharla athrú úinéireachta ionas go léireoidh na figiúirí trádála idirnáisiúnta meastachán ar luach na n-earraí atá á dtrádáil. Ní iontráiltear go barúlach in CCN 2008, in BPM6 ná i CCE 2010 gur tharla athrú úinéireachta; is amhlaidh nach dtaispeántar iontu ach aon iontráil amháin — allmhairí na seirbhíse próiseála. Onnmhairí na seirbhíse a bheadh i gceist leis sin don tír ina ndéantar an phróiseáil. Tá an taifeadadh sin níos comhsheasmhaí leis na taifid institiúideacha agus na hidirbhearta airgeadais gaolmhara. Tá sé ina chúis le neamh-chomhsheasmhacht leis na staitisticí faoi thrádáil idirnáisiúnta marsantais (IMTS), áfach. Taispeánfaidh IMTS ansin fós oll-luach na n-onnmhairí le haghaidh próiseála agus earraí allmhairithe próiseáilte atá ag filleadh.
- 18.34 Chun neamh-chomhsheasmhacht den sórt sin sna cuntais náisiúnta a sheachaint, is féidir luach na n-earraí onnmhairithe a thaifeadadh taobh le luach na n-earraí allmhairithe mar ítimí forlíontacha, agus is iad na luachanna sin a thaifeadaítear in IMTS. Sa dóigh sin, féadfar an tseirbhís phróiseála ghlan a dhíorthú mar luach na n-earraí próiseáilte arna n-onnmhairíú lúide luach na n-earraí neamhphróiseáilte arna n-allmhairíú. Is í an tseirbhís sin a thaifeadtar sna cuntais náisiúnta. Mar sin, i gcás na tíre a bhfuil a cuid earraí á bpróiseáil thar lear, déanfar na honnmhairí a scóráil taobh leis na hearraí próiseáilte allmhairithe, mar ítimí forlíontacha sa chuntas seachtrach earraí agus seirbhísí. Ar an mbealach sin, déanfar na hiontrálacha IMTS a réiteach leis an nglanfhigiúir do sheirbhísí allmhairithe a léiríonn na costais phróiseála.
- 18.35 Léireofar an t-athrú le sampla a bhaineann le láimhseáil earraí le haghaidh próiseála sna táblaí soláthair agus úsáide. Samhlaigh go ndéanann gnóthas monaríochta bia glasraí a shábháil agus a phróiseáil, agus go ndéanann sé stánú na nglasraí a sheachfhoinsiú go fochuideachta ar lánúinéireacht thar lear, agus ansin go dtógann sé ar ais iad agus iad stánaithe agus go ndíolann sé an bia stánaithe.
- 18.36 I dTábla 18.4 maidir le láimhseáil earraí le haghaidh próiseála mar thrádáil idirnáisiúnta i CCE 95, ba cheart go meaitseálfadh na figiúirí ar onnmhairí agus allmhairí na hiontrálacha sna staitisticí ar thrádáil idirnáisiúnta marsantais (IMTS). Is é 50 an figiúir le haghaidh onnmhairí earraí chuig an bhfochuideachta stánaithe thar lear, agus ansin 90 atá ar na glasraí stánaithe nuair a thugtar ar ais iad mar allmhairí.

Tábla 18.4 — Láimhseáil earraí le haghaidh próiseála mar thrádáil idirnáisiúnta i CCE 95

	Ceannacháin	Éileamh deireanach		Iomlán
		Caiteachas teaghlaigh	Onnmhairí	
Díolacháin	Monarú bia			
Bia		90	50	140
Allmhairí bia stánaithe	90			90
Breisluch	50		OTI (E) =	50
Aschur iomlán	140			

⁽¹⁾ Na Náisiúin Aontaithe, Eurostat, ECFE, CAI, EDT et al, sa *Lámhleabhar um Staitisticí i ndáil le Trádáil Idirnáisiúnta Seirbhísí*, 2011, (le fáil ar: <http://unstats.un.org>).

Tábla 18.5 — Láimhseáil earraí le haghaidh próiseála mar thrádáil idirnáisiúnta i CCE 2010

Díolacháin	Ceannacháin	Éileamh deireanach		Iomlán
	Monarú bia	Caiteachas teaghlaigh	Onnmhairí	
Bia		90	0	90
Allmhairí seirbhísí stánaithe	40			40
Breisluch	50		OTI (E) =	50
Aschur iomlán	90			

18.37 I dTábla 18.5, léirítear láimhseáil earraí le haghaidh próiseála ar bhonn glan i CCE 2010: ní thaispeántar ach an trádáil seirbhísí agus ní bheidh aon mheaitseáil leis an ngluaiseacht earraí atá taifead uirthi in IMTS. Taispeánfar staid ghlan na n-onnmhairí lúide allmhairí, i gcuntais idirnáisiúnta chomhardú na n-íocaíochtaí agus i gcuntais chomhfhreagracha eanáil na coda eile den domhan. Moltar sa BPM6 i gcás inarb eol go léiríonn allmhairí agus onnmhairí san IMTS nár tharla aon athrú ar úinéireacht, go ndéanfaí an dá rud a thaifeadadh taobh le taobh i bhfigiúirí chomhardú na n-íocaíochtaí, ionas go mbeifí in ann an eilimint a bhaineann le seirbhísí a thaifeadadh láithreach. I gcás an tionscail monaraithe bia mar sin, thaispeánfaí na glasraí a seoladh thar lear lena stánú mar onnmhairí 50, agus thaispeánfaí na glasraí stánaithe ath-allmhairithe mar allmhairí 90. Is féidir na figiúirí sin a chur taobh lena chéile i staitisticí na gcuntas idirnáisiúnta mar ítimí forlíontacha, agus na honnmhairí a thaifeadadh mar allmhairí diúltacha, ionas gur féidir glan-allmhairí 40 a dhíorthú maidir le seirbhísí stánaithe.

Taispeántar taifeadadh an tsampla sin sa BPM6 i dTábla 18.6.

Tábla 18.6 — Taifeadadh ar phróiseáil sa BPM6

Cuntais reatha	Sochair	Dochair	Iarmhéid
Cuntas earraí agus seirbhísí			- 40
Seirbhísí (comhchodanna caighdeánacha)			
“Seirbhísí monaraíochta ar ionchuir fhisiciúla atá faoi úinéireacht daoine eile”		40	- 40
Ítimí forlíontacha			
Earraí le haghaidh próiseála thar lear	50	90	- 40

Trádáil cheannaíochta

Earraí faoi thrádáil cheannaíochta

18.38 Déantar trádáil cheannaíochta a shainmhíniú mar cheannach earraí ag cónaitheach (de chuid an gheilleagair ina bhfuil na cuntais á dtiomsú) ó neamhchónaitheach móide athdhíol na n-earraí ina dhiaidh sin le neamhchónaitheach eile gan na hearraí a bheith i láthair i ngeilleagar an tiomsaithe. Déantar trádáil cheannaíochta le haghaidh idirbheart a bhaineann le hearraí nuair nach gá go mbeadh na hearraí i seilbh fhisiciúil an úinéara chun go dtarlódh an próiseas. Leanann na soiléirithe sin agus na soiléirithe a leanas i ndáil le trádáil cheannaíochta na míreanna comhfhreagracha sa BPM6 (mír 10.41 go mír 10.48).

18.39 Úsáidtear socruithe trádála ceannaíochta i dtaca le mórdhíol agus miondhíol. Féadfar iad a úsáid freisin i dtrádáil tráchtearraí agus chun próisis mhonaraíochta domhanda a bhainistiú agus a mhaoiniú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go dtabharfadh gnóthas conradh do chonraitheoir amháin nó níos mó conraitheoirí chun earra a chóimeáil, ar bhealach go bhfaigheadh agus go n-athdhíolfadh an gnóthas na hearraí sin gan iad a chur trí chríoch an úinéara. Má athraítear foirm fhisiciúil na n-earraí le linn thréimhse na húinéireachta ar na hearraí, mar thoradh ar sheirbhísí monaraíochta arna ndéanamh ag eintitis eile, ansin déantar na hidirbhearta earraí a thaifeadadh faoi mharsantas ginearálta in ionad faoi thrádáil cheannaíochta. I gcásanna eile, nuair nach dtagann athrú ar fhoirm na n-earraí, áirítear na hearraí faoi thrádáil cheannaíochta, agus léiríonn an praghas díola mionchostais phróiseála chomh

maith le corrlaigh mhórdhíola. I gcásanna ina n-eagraíonn an ceannaí próiseas monaraíochta domhanda, d'fhéadfadh sé go gcuimseodh an praghas díola gnéithe amhail pleanáil, bainistíocht, paitinní agus fios gnó eile, margáíocht, agus maoiniú a sholáthar. Maidir le hearraí ardteicneolaíochta go háirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh an cion neamhfhisiciúil sin mór i gcoibhneas le luach na n-ábhar agus na cóimeála.

- 18.40 Déantar earraí faoi thrádáil cheannaíochta a thaifeadh i gcuntais an úinéara sa chaoi chéanna le haon earraí eile a bhfuil sé ina úinéir orthu. Tugtar sonraí go sonrath ar na hearraí i staitisticí na gcuntas idirnáisiúnta de chuid gheilleagar an cheannaí toisc gur díol spéise iad iontu féin agus toisc nach bhfuil siad cumhdaithe ag córas custaim an gheilleagair sin.

Seo mar a láimhseáiltear thrádáil cheannaíochta:

- (a) taispeántar éadail earraí ag ceannaithe faoi earraí mar allmhairiú diúltach de chuid gheilleagar an cheannaí;
- (b) taispeántar díol earraí faoi earraí arna ndíol faoi thrádáil cheannaíochta mar allmhairiú deimhneach de chuid gheilleagar an cheannaí;
- (c) taispeántar an difríocht idir díolacháin agus ceannacháin earraí le haghaidh thrádáil cheannaíochta mar an ítim "glan-onnmhairí earraí faoi thrádáil cheannaíochta". Áirítear san ítim sin éarlaisí ceannaithe, gnóthachain agus cailteanais sealúchais, agus athruithe i bhfardail earraí faoi thrádáil cheannaíochta. Mar thoradh ar chaillteanais i bhfardail nó méaduithe orthu, d'fhéadfadh sé go mbeadh glan-onnmhairí earraí faoi thrádáil cheannaíochta dhiúltach i gcásanna áirithe; agus
- (d) luacháiltear iontrálacha trádála ceannaíochta ar phraghsanna idirbheart arna n-aontú ag na páirtithe, seachas SAB.
- 18.41 Taispeántar ítimí trádála ceannaíochta mar onnmhairí amháin i gcuntas gheilleagar na críche a bhfuil an ceannaí lonnaithe inti. Sna geilleagair onnmhairíochta agus allmhairíochta chontrapháirte, áirítear díolacháin onnmhairí le ceannaithe agus ceannacháin allmhairí ó cheannaithe faoi mharsantas ginearálta.
- 18.42 Féadfar mórdhíol, miondíol, thrádáil tráchtearraí agus bainistíocht ar mhonarú a dhéanamh freisin faoi shocruithe ina mbeadh na hearraí i láthair i ngeilleagar an úinéara, agus sa chás sin déanfar iad a thaifeadh mar mharsantas ginearálta, seachas mar thrádáil cheannaíochta. Nuair nach dtéann na hearraí trí gheilleagar an úinéara, ach go dtagann athrú ar fhoirm fhisiciúil na n-earraí, toisc go bpróiseáiltear iad i ngeilleagar eile, déantar idirbhearta idirnáisiúnta a thaifeadh faoi mharsantas ginearálta, seachas faoi thrádáil cheannaíochta (déantar an táille próiseála a thaifeadh mar sheirbhís mhonaraíochta a íocann an t-úinéir aisti).
- 18.43 Nuair a athdhíolann ceannaí earraí le cónaitheach sa gheilleagar céanna leis an gceannaí, ní fhreagraíonn sé sin don sainmhíniú ar thrádáil cheannaíochta. Dá réir sin, taispeántar ceannach earraí mar allmhairí marsantais ghinearálta don gheilleagar sa chás sin. Má athdhíolann an t-eintiteas a cheannaigh ó cheannaí sa gheilleagar céanna na hearraí ina dhiaidh sin le cónaitheach i ngeilleagar eile, cibé acu a théann nó nach dtéann na hearraí isteach i ngeilleagar an cheannaí, déantar díolacháin na n-earraí a thaifeadh in allmhairí marsantais ghinearálta ó gheilleagar an cheannaí. Cé go bhfuil cás den sórt sin an-chosúil le thrádáil cheannaíochta, ní fhreagraíonn sé don sainmhíniú atá tugtha i mír 18.38. Ina theannta sin, ní fhéadfadh an chéad cheannaí na ceannacháin a thaifeadh mar thrádáil cheannaíochta toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh a fhios ag an gceannaí sin cibé acu a thógfaidh nó nach dtógfaidh an dara ceannaí na hearraí isteach sa gheilleagar.

Allmhairí agus onnmhairí seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach (FISIM)

- 18.44 Tá elimint ioncain agus muirear le haghaidh seirbhíse ar áireamh in ús iarbhír ar iasachtaí arna n-íoc. Oibríonn institiúidí creidmheasa trí rátaí úis a thairiscint dá gcuid taisceoirí atá níos ísle ná na rátaí a ghearrann siad ar a gcuid iasachtaithe. Úsáideann na corparáidí airgeadais na héarlaisí úis a bhíonn ann dá bharr sin chun a gcuid costas a ghlanadh agus chun barrachas oibriúcháin a sholáthar. Is rogha mhalartach iad éarlaisí úis seachas custaiméirí a mhuirearú go sainráite as seirbhísí airgeadais. Sainordaíonn CCE muirear seirbhíse a iontráil go barúlach le haghaidh an FISIM sin. Tá coincheap FISIM agus na treoirlínte chun luachanna FISIM a mheas tugtha i gCaibidil 14.
- 18.45 Ní gá go mbeadh na hinstiúidí airgeadais a bhfuil FISIM á muirearú go hintuigthe acu cónaitheach, agus ní gá go mbeadh cliant na n-institiúidí den sórt sin cónaitheach ach an oiread. Is féidir, dá bhrí sin, an cineál sin seirbhíse airgeadais a onnmhairiú agus a allmhairiú. Tá treoirlínte i mír 14.10 maidir le hallmhairí agus onnmhairí FISIM a thiomnú.

Cuntas seachtrach ioncaim phríomha agus thánaistigh

Taispeántar i dTáblaí 18.7 agus 18.8 sampla de thairgeadh ar ioncam príomha agus thánaisteach i CCE agus sa BPM6.

Tábla 18.7 — Cuntas seachtrach ioncaim phríomha agus thánaistigh (CCE V.II)

Úsáidí			Acmhainní		
			B.11	Comhardú seachtrach earraí agus seirbhísí	- 41
D.1	Cúiteamh d'fhostaithe	6	D.1	Cúiteamh d'fhostaithe	2
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí	0	D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí	0
D.3	Fóirdheontais	0	D.3	Fóirdheontais	0
D.4	Ioncam ó mhaoin	63	D.4	Ioncam ó mhaoin	38
D.5	Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas	1	D.5	Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas	0
D.6	Ranníocaíochtaí sóisialta agus sochair shóisialta	0	D.6	Ranníocaíochtaí sóisialta agus sochair shóisialta	0
D.7	Aistrithe reatha eile	16	D.7	Aistrithe reatha eile	55
D.8	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin	0	D.8	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin	0
B.12	Comhardú seachtrach reatha	- 32			

Tábla 18.8 — Cuntas ioncaim phríomha agus cuntas ioncaim thánaistigh an BPM6

	Cód CCE	Sochair	Dochair	Iarmhéid
Ó earraí agus seirbhísí				41
Cuntas ioncaim phríomha				
Cúiteamh d'fhostaithe	D.1	6	2	
Ús		13	21	
Ioncam dáilte corparáidí	D.4	36	17	
Tuilleamh athinfeistithe		14	0	
Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí	D.2	0	0	
Fóirdheontais	D.3	0	0	
Ioncam príomha		69	40	29
Earraí, seirbhísí agus ioncam príomha		609	539	70
Cuntas ioncaim thánaistigh				
Cánacha ar ioncam, ar rachmas	D.5	1	0	
Glanphréimheanna árachais neamhshaoil		2	11	
Éilimh árachais neamhshaoil	D.6, D.7, D.8	12	3	
Aistrithe idirnáisiúnta reatha		1	31	
Aistrithe reatha ilghnéitheacha		1	10	
Ioncam thánaisteach		17	55	- 38
Comhardú cuntais reatha				32

Cuntas ioncaim phríomha

- 18.46 I gcomhardú na n-íocaíochtaí, tá cúiteamh d'fhostaithe agus ioncam ó mhaoin ar áireamh sna hiontrálacha sa chuntas ioncaim phríomha, sa chaoi chéanna leis an gcuntas leithdháilte ioncaim phríomha i CCE. Déantar íocaíocht cánacha ar tháirgeadh ag cónaithe agus fáil fóirdheontas ag cónaithe ón rialtas intíre a thaifeadadh sa chuntas giniúna ioncaim, cuntas nach bhfuil ina chuid de chomhardú na n-íocaíochtaí. Déantar aon íocaíochtaí cánacha ar tháirgeadh atá iníochta ag cónaithe le rialtas eile chomh maith le fóirdheontas atá infhála ag cónaitheach ó rialtas eile a thaifeadadh i gcuntas ioncaim phríomha chomhardú na n-íocaíochtaí. Taispeántar na hiontrálacha comhfhreagracha don rialtas intíre sa chuntas leithdháilte ioncaim phríomha agus i gcás rialtas eachtrach, taispeántar iad i gcolún earnáil na coda eile den domhan sa chuntas sin agus i gcuntas ioncaim phríomha chomhardú na n-íocaíochtaí.
- 18.47 D'fhéadfadh sé go mbeadh cíos i gceist i gcásanna trasteorann ach is annamh a tharlódh sé sin, toisc go meastar go bhfuil na cónaithe ina n-úinéirí ar an talamh go léir, agus cruthaítear aonad cónaitheach barúlach san áireamh chun na críche sin más gá. Má tá neamhchónaithe ina n-úinéirí ar na haonaid chónaitheacha bharúlacha den sórt sin déantar aon ioncam a thuilleann na haonaid den sórt sin a aicmiú mar ioncam ó infheistíocht dhíreach seachas cíos. Is sampla é cearta gearrthéarmacha iascaireachta in uiscí teorann arna soláthar do chabhlaigh iascaigh eachtracha de chás ina ndéantar cíos a thaifeadadh sna cuntais idirnáisiúnta. Is nós coitianta é sna cuntais idirnáisiúnta úsáid a bhaint as an téarma "ioncam ó infheistíocht" a chiallaíonn ioncam ó mhaoin gan cíos san áireamh. Léiríonn ioncam ó infheistíocht ioncam a thagann ó úinéireacht sócmhainní airgeadais, agus meaitseáilann dí-chomhiomlán an ioncaim ó infheistíocht dí-chomhiomlánú sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais ionas gur féidir rátaí toraidh a ríomh.

Ioncam ó infheistíocht dhíreach

- 18.48 Tá tábhacht faoi leith le ról na hinfeistíochta díri agus tá sé léirithe sna sreafaí agus sna staideanna araon sna cuntais idirnáisiúnta. I gcás infheistíochta díri, glactar leis go ndáiltear cion de thuilleamh coinnithe an ghnóthais ar an infheisteoir díreach mar chineál ioncaim ó infheistíocht. Freagraíonn an cion do shealúchas an infheisteora dhírigh sa ghnóthas.
- 18.49 Tá tuilleamh coinnithe comhionann le glanbharrachas oibríocháin an ghnóthais móide an t-ioncam ar fad ó mhaoin tuillte lúide an t-ioncam ar fad ó mhaoin iníochta (sula ríomhtar tuilleamh athinfeistithe) móide aistrithe reatha infhála lúide aistrithe reatha iníochta agus lúide an ítim don choigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin. Áirítear tuilleamh athinfeistithe fabhráithe ó aon fhochuideachtaí díreacha san ioncam ó mhaoin is infhála ag an ghnóthas infheistíochta díri.
- 18.50 D'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleamh athinfeistithe diúltach, mar shampla i gcás ina mbaineann cailteanas do ghnóthas nó i gcás ina ndáiltear díbhinní ó ghnóthachain sealúchais, nó i ráithe ina n-íoctar díbhinn bhliantúil. Sa chaoi chéanna agus a láimhseáiltear tuilleamh deimhneach athinfeistithe mar instealladh cothromais sa ghnóthas infheistíochta díri ag an infheisteoir díreach, láimhseáiltear tuilleamh athinfeistithe diúltach mar aistarraingt cothromais.

I gcás gnóthais infheistíochta díri a bhfuil neamhchónaitheach ina úinéir ar 100 faoin gcéad de, tá tuilleamh athinfeistithe comhionann le tuilleamh coinnithe agus tá comhardú phríomhioncaim an ghnóthais cothrom le neamhní.

Cuntas ioncaim thánaistigh (aistrithe reatha) an BPM 6

- 18.51 Taispeántar aistrithe reatha idir cónaithe agus neamhchónaithe sa chuntas ioncaim thánaistigh. Freagraíonn raon iontrálacha na n-aistrithe reatha go díreach dóibh siúd sa chuntas dáilte ioncaim thánaistigh. Tá tábhacht faoi leith i gceist le go leor de na hiontrálacha sin sna cuntais idirnáisiúnta, go háirithe comhar idirnáisiúnta reatha agus seoltáin arna seoladh chuig a dtíortha dúchais ag daoine aonair atá ag obair thar lear.
- 18.52 Is aistrithe ó theaghlach go teaghlach iad aistrithe pearsanta trasteorann agus is díol spéise iad toisc gur foinse thábhachtach de mhaoiniú idirnáisiúnta iad le haghaidh roinnt tíortha a sholáthraíonn líon mór oibríthe fadtéarmacha thar lear. Áirítear le haistrithe pearsanta seoltáin ag oibríthe fadtéarmacha, is é sin iad siúd a athraíonn a ngeilleagar cónaithe.
- 18.53 Ní athraíonn oibríthe eile, amháil oibríthe teorann agus séasúracha, a ngeilleagar cónaithe ón ngeilleagar baile. In áit aistrithe, áirítear in idirbhearta idirnáisiúnta na n-oibríthe den sórt sin cúiteamh d'fhostaithe, cánacha agus costais taistil. I gcomhardú na n-íocaíochtaí, déantar na haistrithe pearsanta agus na hítimí gaolmhara sin a thabhairt le chéile i gcur i láthair forlíontach seoltáin pearsanta. Áirítear le seoltáin phearsanta aistrithe pearsanta, cúiteamh d'fhostaithe lúide cánacha agus taisteal, agus aistrithe caipitil idir teaghlaigh.
- 18.54 Féadann sreafaí árachais, go háirithe sreafaí a bhaineann le hathárachas, a bheith tábhachtach go hidirnáisiúnta. Déantar na hidirbhearta idir an t-árachóir díreach agus an t-athárachóir a thaifeadadh mar shraith idirbheart atá neamhspleách go hiomlán agus ní dhéantar aon chomhdhlúthú idir idirbhearta an árachóra dhírigh mar eisitheoir polasaithe dá chuid cliant, ar thaobh amháin, agus sealbhoir polasaí leis an athárachóir, ar an taobh eile.

Cuntas caipitil seachtrach

- 18.55 Tá eilimintí an chuntais chaipitil atá faoi réir idirbheart idirnáisiúnta níos srianta ná iad siúd atá cumhdaithe sna hearnálacha intíre. Ní chumhdaítear sna hiontrálacha sa chuntas caipitil ach éadálacha agus diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais agus aistrithe caipitil. Ní dhéantar aon idirbhearta a thaifeadadh mar fhoirmiú caipitil sócmhainní táirgthe toisc nach eol úsáid deiridh onnmhairí agus allmhairí earraí tráth an taifeada. Ní áirítear éadálacha agus diúscairtí talún ach an oiread.
- 18.56 Is é glaniasachtú nó glaniasachtaíocht an ítim chomhardaithe le haghaidh shuim na gcuntas reatha agus caipitil agus le haghaidh an chuntais airgeadais. Cumhdaítear leis gach ionstraim a úsáidtear chun cistiú a sholáthar nó a fháil, seachas iasachtú agus iasachtaíocht amháin. Ar bhonn coincheapúil, tá an luach céanna ar ghlániasachtú nó ar ghlániasachtaíocht an BPM6 is atá ar an ítim chomhfhreagrach sna cuntais náisiúnta don gheilleagar iomlán, agus an luach céanna leis an ítim i gcuntais náisiúnta na coda eile den domhan ach an comhartha a bheith aisiompaithe. Taispeántar i dTáblaí 18.9, 18.10 agus 18.11 taifeadadh na n-eilimintí cuntais reatha agus caipitil agus an comhardú dá bharr sin i CCE agus sa BPM6 araon.

Tábla 18.9 — Athrú ar ghlanfhiúchas i ngeall ar chomhardú seachtrach reatha agus aistrithe caipitil (CCE V.III.1.1) ⁽¹⁾

Athrúithe ar shócmhainní			Athrúithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas		
			B.12	Comhardú seachtrach reatha	- 32
			D.9	Aistrithe caipitil, infhála	4
			D.9	Aistrithe caipitil, iníoctha	- 1
B.101	Athrúithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar chomhardú seachtrach reatha agus ar aistrithe caipitil	- 29			

⁽¹⁾ Maidir leis an gcuid eile den domhan, tagraíonn sé seo do na hathrúithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar chomhardú seachtrach reatha agus aistrithe caipitil.

Tábla 18.10 — Cuntas éadálacha sócmhainní neamhairgeadais (CCE V.III.1.2)

Athrúithe ar shócmhainní			Athrúithe ar dhliteanais agus ar ghlanfhiúchas		
			B.101	Athrúithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar chomhardú seachtrach reatha agus ar aistrithe caipitil	- 29
NP	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe	0			
B.9	Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-)	- 29			

Tábla 18.11 — Cuntas caipitil an BPM6

	Sochair	Dochair	Iarmhéid
Comhardú cuntais reatha			32
Cuntas caipitil			
Éadálacha/diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe	0		
Aistrithe caipitil	1	4	
Comhardú cuntais chaipitil			- 3
Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-)			29

Cuntas airgeadais seachtrach agus an staid infheistíochta idirnáisiúnta (SII)

18.57 Tá tábhacht faoi leith i gceist le cuntas airgeadais chomhardú na n-íocaíochtaí agus leis an SII toisc go dtugann siad tuiscint ar mhaoiniú idirnáisiúnta chomh maith le leachtacht agus leochaileacht idirnáisiúnta. I gcomparáid le haicmiú na n-ionstraimí airgeadais a úsáidtear i CCE, bíonn aicmiú na n-ionstraimí airgeadais i gcomhardú na n-íocaíochtaí bunaithe ar chatagóirí feidhme (féach mír 18.21), le sonraí breise ar ionstraimí agus ar earnálacha institiúideacha. Taispeántar i dTáblaí 18.12 agus 18.13 an cuntas airgeadais i CCE agus sa BPM6 faoi seach.

Tábla 18.12 — Cuntas airgeadais (CCE V.III.2)

Athruithe ar shócmhainní			Athruithe ar dhliteanas agus ar ghlanfhiúchas		
F	Éadálacha sócmhainní airgeadais, glan	37	F	Glantabhu dliteanas	66
F.1	Ór airgeadaíochta agus CTSanna	1	F.1	Ór airgeadaíochta agus CTSanna	0
F.2	Airgeadra agus taiscí	11	F.2	Airgeadra agus taiscí	- 2
F.3	Urrúis fiachais	9	F.3	Urrúis fiachais	20
F.4	Iasachtaí	4	F.4	Iasachtaí	45
F.5	Cothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta	2	F.5	Cothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta	14
F.6	Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe	0	F.6	Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe	0
F.7	Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe	0	F.7	Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe	3
F.8	Cuntais eile infhála/iníochta	10	F.8	Cuntais eile infhála/iníochta	- 14
			B.9	Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-)	- 29

Tábla 18.13 — Cuntas airgeadais an BPM6

Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-) (cuntais reatha agus caipitil)			29
Cuntas airgeadais (de réir catagóire feidhme)	Athruithe ar shócmhainní	Athrú ar dhliteanas	Iarmhéid
Infheistíocht dhíreach	- 4	8	
Infheistíocht phunainne	17	7	
Díorthaigh airgeadais etc.	3	0	
Infheistíocht eile	42	22	
Sócmhainní cúlchiste	8	—	
Athrú iomlán ar shócmhainní/ar dhliteanas	66	37	
Glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-) (Cuntas airgeadais)			29
Glanearráidí agus glaneasnamh			0

18.58 Cuireann catagóirí feidhme an BPM6 faisnéis in iúl faoin spreagadh agus faoin ngaol idir na páirtithe, ar díol spéise áirithe iad maidir le hanailís eacnamaíoch idirnáisiúnta. Tá sonraí de réir catagóire feidhme foroinnte arís de réir ionstraimí agus earnála institiúidí, agus ciallaíonn sé sin gur féidir iad a nascadh le CCE comhfhreagrach agus le hítimí staidrimh airgeadaíochta agus airgeadais. Tá an t-aicmiú de réir earnála institiúidí sa BPM6 comhionann leis an aicmiú i CCE, cé gur gnách go mbíonn sé giorraithe (go cúig earnáil sna compháirteanna caighdeánacha). Ina theannta sin, úsáidtear fo-earnáil fhorlíontach d'údarás airgeadaíochta, ar fo-earnáil fheidhmiúil í atá nasctha le sócmhainní cúlchiste. Cumhdaítear léi an banc ceannais agus aon chodanna den rialtas ginearálta nó de chorparáidí airgeadais seachas an banc ceannais a bhfuil sócmhainní cúlchiste ina seilbh acu, agus mar sin tá sé ábhartha do thíortha ina gcoimeádtar cuid de na cúlchistí nó iad go léir lasmuigh den bhanc ceannais.

18.59 Taispeántar na príomhnaisc idir catagóirí ionstraimí airgeadais na gcuntas náisiúnta agus catagóirí feidhme na gcuntas idirnáisiúnta i dTábla 18.14. Úsáidtear na catagóirí feidhme ar thaobh na sócmhainní agus ar thaobh na ndliteanas araon de chuntas airgeadais an BPM6. Ní thaispeántar naisc atá sách neamhchoitianta.

Tábla 18.14 — Naisc idir catagóirí feidhme an BPM6 agus catagóirí ionstraimí airgeadais CCE

Ionstraimí CCE	Catagóirí feidhme na gcuntas idirnáisiúnta				
	Infheistíocht dhíreach	Infheistíocht phunainne	Díorthaigh airgeadais	Infheistíocht eile	Sócmhainní cúlchiste
Ór airgeadaíochta					X
Ceartha Tarraingthe Speisialta (CTSanna)				X	X
Airgeadra agus taiscí					
Airgeadra				X	X
Suíomhanna idirbhainc				X	X
Taiscí inaistrithe eile	X			X	X
Taiscí eile	X			X	X
Urrúis fiachais	X	X			X
Iasachtaí	X			X	X
Cothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta					
Cothromas					
Scaireanna liostaithe	X	X			X
Scaireanna neamhliostaithe	X	X			X
Cothromas eile	X			X	
Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta					
Scaireanna/aonaid i gcistí margaidh airgid	X	X			X
Scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta neamh-CMA	X	X		X	X
Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe					
Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil	X			X	
Teidlíochtaí árachais saoil agus blianachta	X			X	
Teidlíochtaí pinsean				X	
Éilimh chistí pinsin ar bhainisteoirí cistí pinsin	X			X	
Teidlíochtaí sochar neamhpinsean				X	
Soláthairtí i gcomhair glaonna faoi ráthaíochtaí caighdeánaithe	X			X	
Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe					
Díorthaigh airgeadais			X		X

Ionstraimí CCE	Catagóirí feidhme na gcuntas idirnáisiúnta				
	Infheistíocht dhíreach	Infheistíocht phunainne	Díorthaigh airgeadais	Infheistíocht eile	Sócmhainní cúlchiste
Scair-roghanna fostaithe			X		
Cuntais eile infhála/iníoctha					
Creidmheasanna trádála agus airleacain	X			X	
Cuntais eile infhála/iníoctha, gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh	X			X	

CLÁIR CHOMHARDAITHE d'EARNÁIL NA CODA EILE DEN DOMHAN

18.60 Is é is SII cuid de na cláir chomhardaithe atá cumhdaithe sna cuntais idirnáisiúnta. Leagtar béim leis an téarmaíocht ar na comhpháirteanna sonracha den chlár comhardaithe náisiúnta atá san áireamh. Ní chumhdaítear leis an SII ach sócmhainní airgeadais agus dlíteanas airgeadais. I gcás eastáit réadaigh i dtír a bhfuil aonad neamhchónaitheach ina úinéir díreach air, meastar gur úinéir an eastáit réadaigh é aonad cónaitheach barúlach agus, dá thoradh sin, bíonn sé faoi réir úinéireachta ag an aonad neamhchónaitheach i dtéarmaí sócmhainne airgeadais (féach mír 18.16 freisin). I gcás éilimh airgeadais, bíonn an eilimint trasteorann i gceist i gcás ina bhfuil páirtí ambháin ina chónaitheach agus ina bhfuil an páirtí eile ina neamhchónaitheach. Ina theannta sin, cé gur sócmhainn nach ngabhann aon dlíteanas contrapháirte leis é órbhuilleán, áirítear in SII é nuair atá sé á choimeád mar chúlsócmhainn, mar gheall ar a ról in íocaíochtaí idirnáisiúnta. Eisiatar sócmhainní neamhairgeadais, áfach, toisc nach bhfuil dlíteanas contrapháirte ná gné idirnáisiúnta eile ag baint leo.

18.61 Is é an SII glan an ítim chomhardaithe in SII. Tá an SII glan móide sócmhainní neamhairgeadais sa chlár comhardaithe náisiúnta combhionann le glanfhíúchas náisiúnta, toisc go ndéantar éilimh airgeadais ó chónaitheach go cónaitheach a ghlanluacháil go neamhní sa chlár comhardaithe náisiúnta. Taispeántar i dTábla 18.15 sampla de chlár comhardaithe d'earnáil na coda eile den domhan, agus soláthraítear i dTábla 18.16 sampla den SII.

18.62 Úsáidtear na catagóirí leathana céanna le haghaidh ioncain ó infheistíocht agus an SII. Mar thoradh air sin, is féidir meánrátaí toraidh a ríomh. Is féidir comparáid a dhéanamh idir rátaí toraidh thar imeacht ama agus le haghaidh ionstraimí agus aibíochtaí éagsúla. Mar shampla, is féidir anailís a dhéanamh ar na treochtaí i dtoradh ar infheistíocht dhíreach, nó is féidir an toradh a chur i gcomparáid le hionstraimí eile.

Tábla 18.15 — Cláir chomhardaithe d'earnáil na coda eile den domhan (CCE)

		Comhardú tosaigh	Athruithe i ngeall ar idirbhearta	Athruithe eile ar an méid	Athluacháil	Comhardú deiridh
Sócmhainní						
Sócmhainní neamhairgeadais						
Sócmhainní airgeadais		805	37	0	7	849
AF.1	Ór airgeadaíochta agus CTSanna	0	1	0	0	1
AF.2	Airgeadra agus taiscí	105	11	0	0	116
AF.3	Urrúis fiachais	125	9	0	4	138
AF.4	Iasachtaí	70	4	0	0	74
AF.5	Cothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta	345	2	0	3	350
AF.6	Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe	26	0	0	0	26
AF.7	Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe	0	0	0	0	0

		Comhardú tosaigh	Athruithe i ngeall ar idirbhearta	Athruithe eile ar an méid	Athluacháil	Comhardú deiridh
AF.8	Cuntais eile infhála/iníoctha	134	10	0	0	144
Dliteanais		1 074	66	0	3	1 143
AF.1	Ór airgeadaíochta agus CTSanna	770	0	0	0	770
AF.2	Airgeadra agus taiscí	116	- 2	0	0	114
AF.3	Urrúis fiachais	77	20	0	2	99
AF.4	Iasachtaí	17	45	0	0	62
AF.5	Cothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta	3	14	0	1	18
AF.6	Scéimeanna árachais agus pinsean agus scéimeanna ráthaíochta caighdeánaithe	25	0	0	0	25
AF.7	Díorthaigh airgeadais agus scair-roghanna fostaithe	7	3	0	0	10
AF.8	Cuntais eile infhála/iníoctha	59	- 14	0	0	45
	Glanfhiúchas	269				265

Tábla 18.16 — Ráiteas comhtháite an BPM6 faoin IIP

An staid infheistíochta idirnáisiúnta (SII)	Staid tosaigh	Idirbhearta	Athruithe eile ar an méid	Athluacháil	Staid deiridh
Sócmhainní					
Infheistíocht dhíreach	42	- 4	0	1	39
Infheistíocht phunainne	40	17	0	2	59
Díorthaigh airgeadais	0	3	0	0	3
Infheistíocht eile	152	42	0	0	194
Sócmhainní cúlchiste	63	8	0	0	71
Sócmhainní iomlána	297	66	0	3	366
Dliteanais					
Infheistíocht dhíreach	132	8	0	2	142
Infheistíocht phunainne	180	7	0	5	192
Díorthaigh airgeadais	0	0	0	0	0
Infheistíocht eile	261	22	0	0	283
Dliteanais iomlána	573	37	0	7	617
Glanstaid infheistíochta idirnáisiúnta (SII glan)	- 276	29	0	- 4	- 251

CAIBIDIL 19

CUNTAIS EORPACHA

RÉAMHRÁ


- 19.01 De thoradh an phróisis lánpháirtíochta Eorpaí, is gá sraith iomlán cuntas a thiomsú trína léirítear geilleagar na hEorpa ina iomláine agus lena gcumasaítear anailís agus ceapadh beartais níos fearr ar leibhéal Eorpach. Tá an tsraith chéanna cuntas cuimsithe i gcuntais Eorpacha is a chuimsítear i gcuntais náisiúnta na mBallstát, agus bíonn siad bunaithe ar na coincheapa céanna.
- 19.02 Tá cur síos sa Chaibidil seo ar ghnéithe sainaitheanta na gcuntas Eorpach, is iad sin, cuntais an Aontais Eorpaigh agus an limistéir euro. Agus cuntais Eorpacha á dtiomsú, is gá aird ar leith a thabhairt ar shainiú aonad cónaitheach, ar chuntais na coda eile den domhan agus ar ghlanluacháil idirbheart eacnamaíoch laistigh den Eoraip (sreafaí) agus clár comhardaithe airgeadais (stoic).
- 19.03 Tá na críocha seo a leanas i gcríoch eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh:
- (a) críocha eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh; agus
 - (b) críocha eacnamaíocha na n-institiúidí Eorpacha.
- 19.04 Tá na críocha seo a leanas i gcríoch eacnamaíoch an limistéir euro:
- (a) críocha eacnamaíocha Bhallstáit an limistéir euro; agus
 - (b) críoch eacnamaíoch an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Ó CHUNTAIS NÁISIÚNTA GO CUNTAIS EORPACHA

- 19.05 Ar bhonn coincheapúil, ní bhíonn cuntais Eorpacha cothrom le suim chuntais náisiúnta na mBallstát tar éis iad a chomhshó in airgeadra comhchoiteann. Is gá cuntais na n-institiúidí Eorpacha cónaitheacha a chur leo. Athraíonn raon feidhme choincheap an chónaithe nuair a athraítear ó chuntais náisiúnta na mBallstát go cuntais Eorpacha. Is samplaí maithe iad na bealaí ina láimhseáiltear tuilleamh athinfheistithe ó ghnóthais infheistíochta díri eachtraí nó aonáin shainchuspóireacha sa chomhthéacs seo. I gcuntais náisiúnta na mBallstát, d'fhéadfadh infheistíochtaí a bheith ag gnóthas infheistíochta díri eachtraí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile den Aontas Eorpach/den limistéir euro. Ní dhéantar an tuilleamh athinfheistithe comhfhreagrach a thaifeadh ar an mbealach sin i gcuntais Eorpacha. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh gá a bheith ann aonáin shainchuspóireacha a athaicmiú san earnáil institiúideach chéanna lena máthairchuideachta nuair atá an mháthairchuideachta sin cónaitheach i mBallstát eile. Ar deireadh, is gá athaicmiú a dhéanamh ar stoic airgeadais agus ar shreafaí eacnamaíocha trasteorann idir tíortha Eorpacha. Tá na difríochtaí sin curtha i láthair i léaráidí 19.1 agus 19.2 agus, ar mhaithe leis an tsimplíocht, glactar le limistéir Eorpach nach bhfuil ach dhá Bhallstát ann: A agus B. Tá sreafaí agus stoic a bhaineann le cónaithigh agus neamhchónaithigh léirithe go scéimreach le saigheada.


Léaráid 19.1 — Comhiomlánú chuntais náisiúnta na mBallstát

Nuair a dhéantar cuntais náisiúnta tír A agus tír B a chomhiomlánú, déantar sreafaí itíre idir tír A agus tír B, agus le tíortha agus le hinstitiúidí Eorpacha eile, a thaifeadh i gcuntais chomhiomlánaithe na coda eile den domhan.



Léaráid 19.2 — Cuntais Eorpacha

Glactar leis an Aontas Eorpach/leis an limistéar euro mar eintiteas amháin: cuirtear cuntais institiúidí Eorpacha/an Bhainc Cheannais Eorpacha san áireamh agus ní dhéantar ach idirbhearta idir aonaid chónaitheacha agus tríú tíortha a thaifeadh i gcuntais na coda eile den domhan.



Sonraí a chomhshó in airgeadraí éagsúla

19.06 Ní mór na sreafaí eacnamaíocha agus stoic na sócmhainní agus na ndlíteanas a lua i gcaighdeán airgeadaíochta amháin i gcuntais Eorpacha. Chun na críche sin, déantar sonraí arna dtaifeadh sna hairgeadraí náisiúnta éagsúla a chomhshó in euro mar seo a leanas:

(a) trí úsáid a bhaint as rátaí malairte margaidh (nó meán díobh) a bhí i réim le linn na tréimhse a bhfuil na cuntais á dtiomsú ina leith;

nó

(b) trí úsáid a bhaint as rátaí malairte seasta thar an tréimhse iomlán. Féadfaidh an ráta seasta a bheith ar an gceann a bhí i réim ag deireadh na tréimhse, ag tús na tréimhse, nó mar mheán na rátaí malairte thar an tréimhse iomlán. Beidh tionchar ag an ráta malairte a úsáidtear ar ualú (seasta) Ballstát ar leith i gcomhiomlán Eorpacha;

nó

(c) innéacs a ríomh idir thréimhsí leantacha mar mheán ualaithe innéacsanna fáis na sonraí ó gach Ballstát, arna lua in airgeadra náisiúnta. Cruthaítear ualaithe mar sciar comhshóite ag ráta malairte gach Ballstát sa chéad tréimhse chomparáide. Tar éis tréimhse thagartha a roghnú mar thagarmharc, is féidir an t-innéacs slabhráithe a chur i bhfeidhm i leith an tagarmhairc sin chun leibhéil a ghiniúint le haghaidh tréimhsí breathnóireachta eile.

I gcás mhodh (a), tugtar ualaithe na mBallstát i gcomhiomlán Eorpacha cothrom le dáta de réir phaireachtaí a n-airgeadraí faoi seach. Mar sin, bíonn leibhéil na gcomhiomlán Eorpach cothrom le dáta i gcónaí, ach féadfaidh tionchar a bheith ag luaineachtaí an ráta malairte ar a ngluaiseachtaí. I gcás cóimheas, cealaítear tionchar luaineachtaí an ráta malairte ar an uimhreoir agus ar an gcomhainmneoir den chuid is mó.

I gcás mhodh (b), ní thugtar ualaithe na mBallstát cothrom le dáta, rud a chosnaíonn gluaiseachtaí na gcomhiomlán Eorpach ó luaineachtaí an ráta malairte. Mar sin féin, féadfaidh tionchar a bheith ag rogha na rátaí malairte (seasta), lena léirítear paireachtaí airgeadraí na mBallstát tráth áirithe, ar leibhéil na gcomhiomlán Eorpach.

Le modh (c), cosnaítear gluaiseachtaí na gcomhiomlán Eorpach ó luaineachtaí an ráta malairte, cé go léirítear go ginearálta na paireachtaí atá i bhfeidhm i ngach tréimhse i leibhéil na gcomhiomlán Eorpach. Déantar é sin chun aimhleasa na suimitheachta agus srianta eile cuntasaióchta. Má tá gá lena leithéidí, ní mór iad a athbhunú mar chéim dheiridh.

19.07 Féadfar cuntais Eorpacha a ríomh freisin trí shonraí arna dtaifeadh sna hairgeadraí náisiúnta éagsúla a chomhshó ina gcaighdeán chumhachta ceannaigh. Is féidir modhanna (a), (b) nó (c) atá leagtha amach i mír 19.06 a úsáid chun na críche sin agus caighdeán chumhachta ceannaigh chomhfhreagracha a chur in ionad rátaí malairte.

Institiúidí Eorpacha

19.08 I CEC, cuimsítear na haonáin seo a leanas in institiúidí Eorpacha:

(a) institiúidí neamhairgeadais Eorpacha: Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpacha agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;

- (b) comhlachtaí neamhairgeadais Eorpacha, lena n-áirítear na haonáin arna gcuimsiú faoi bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (e.g. an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, Coiste na Réigiún, gníomhaireachtaí Eorpacha etc.) agus an Ciste Eorpach Forbraíochta; agus
- (c) institiúidí agus comhlachtaí airgeadais Eorpacha, lena n-áirítear go háirithe: an Banc Ceannais Eorpach, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta.

Tugtar faoi deara maidir le catagóir (b) nach n-áirítear mar ghníomhaireachtaí Eorpacha gníomhaireachtaí rialála an mhargaidh talmhaíochta a bhfuil sé mar phríomhghníomhaíocht acu táirgí talmhaíochta a cheannach agus a dhíol chun praghsanna a chobhsú. Glactar leis go bhfuil na gníomhaireachtaí sin cónaitheach sa Bhallstát ina dtéann siad i mbun a gcuid gníomhaíochtaí.

- 19.09 Is aonad institiúideach amháin iad na hinstiúidí agus comhlachtaí neamhairgeadais Eorpacha arna gcuimsiú faoi bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, agus cuireann an t-aonad sin seirbhísí rialtais neamh-mhargaidh ar fáil go príomha chun leasa an Aontais Eorpaigh. Mar sin déantar é a aicmiú san fho-earnáil “institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha” (S.1315) ⁽¹⁾ den earnáil “an rialtas ginearálta” (S.13).
- 19.10 Fad is nach nglactar lena bhuiséad mar chuid de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, is aonad institiúideach ar leithligh é an Ciste Eorpach Forbraíochta a aicmítear san fho-earnáil “institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha” (S.1315) den earnáil “an rialtas ginearálta” (S.13).
- 19.11 Tá an Banc Ceannais Eorpach ina aonad institiúideach a aicmítear san fho-earnáil “an banc ceannais” (S.121) den earnáil “corparáidí airgeadais” (S.12).
- 19.12 Is aonaid institiúideacha ar leithligh iad an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta a aicmítear san fho-earnáil “idirghabhálaithe eile airgeadais, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin” (S.125) den earnáil “corparáidí airgeadais” (S.12).
- 19.13 Áirítear i gcríoch eacnamaíoch na n-institiúidí Eorpacha na hiamhchríocha atá suite i mBallstáit an Aontais Eorpaigh nó i dtíortha nach bhfuil san AE, amhail ionadaíochtaí, toscaireachtaí, oifigí etc.
- 19.14 Déantar príomh-idirbhearta na n-institiúidí Eorpacha a thaifeadadh in acmhainní agus úsáidí mar atá sonraithe san Iarscríbhinn.

Cuntas na coda eile den domhan

- 19.15 I gcuntas Eorpacha, déantar taifeadadh i gcuntas na coda eile den domhan ar shreafaí eacnamaíochta agus stoic airgeadais de shócmhainní agus de dhliteanais idir aonaid chónaitheacha an Aontais Eorpaigh/an limistéir euro agus aonaid neamhchónaitheacha. Dá bhrí sin, ní áirítear idirbhearta a tharlaíonn laistigh den Aontas Eorpach/den limistéir euro i gcuntas Eorpacha na coda eile den domhan. Tugtar “sreafaí intíre” ar na sreafaí a tharlaíonn laistigh den AE/den limistéir euro agus tugtar “stoic intíre” ar na staideanna airgeadais idir chónaitheach an AE/an limistéir euro.
- 19.16 Tá an trádáil shamhail-idirthurais cuimsithe faoi allmhairí agus onnmhairí earraí. Is ionann an cineál sin trádála agus:
- (a) earraí arna n-allmhairiú ó thríú tíortha isteach i mBallstát den Aontas Eorpach/den limistéir euro ag eintiteas nach bhféachtar air mar aonad institiúideach agus a sheoltar ansin chuig Ballstát eile den Aontas Eorpach/den limistéir euro; agus
- (b) earraí a thagann ó Bhallstát eile den Aontas Eorpach/den limistéir euro agus a allmhairíonn aonán nach bhféachtar air mar eintiteas institiúideach go tríú tíortha.

Déantar onnmhairí earraí a luacháil SAB ag teorainn an Aontais Eorpaigh/an limistéir euro.

I gcás earraí i samhail-idirthurais atá le honnmhairiú, glactar le costais iompair agus dáileacháin laistigh den Aontas Eorpach/den limistéir euro mar aschur seirbhísí iompair má tá an t-íompróir cónaitheach san Aontas Eorpach/sa limistéir euro agus mar allmhairí seirbhísí iompair mura bhfuil.

- 19.17 I gcuntas Eorpacha, ní áirítear i dtrádáil cheannaíochta ach earraí a cheannaíonn cónaitheach de chuid an Aontais Eorpaigh/an limistéir euro ó neamhchónaitheach agus athdhíol na n-earraí céanna ina dhiaidh sin le neamhchónaitheach eile gan na hearraí a bheith i láthair san Aontas Eorpach/sa limistéir euro. Déantar é a thaifeadadh ar dtús mar onnmhairiú díúltach earraí agus ansin mar onnmhairiú deimhneach earraí, agus aon difríochtaí uainiúcháin idir an ceannach agus an díolachán á dtaifeadadh mar athruithe ar fhardail (féach mír 18.41 agus mír 18.60).

I gcás ina gceannaíonn ceannaí atá cónaitheach san Aontas Eorpach/sa limistéir euro earraí ó neamhchónaitheach agus má dhíolann sé ansin iad le cónaitheach i mBallstát eile, déantar an ceannachán a thaifeadadh mar onnmhairí díúltacha i gcuntas náisiúnta Bhallstát an cheannaí ach mar allmhairí i gcuntas Eorpacha.

⁽¹⁾ Baineann an cód seo go sonrath le Cuntas Eorpacha. Ní luaitear é i gCaibidil 23 “Aicmithe”; is i gCaibidil 23 a chuirtear na cóid i láthair atá le húsáid i gcuntas náisiúnta na mBallstát cé go dtaifeadtar institiúidí Eorpacha in earnáil na coda eile den domhan.

- 19.18 Tá gnóthas infheistíochta díri eachtraí ina chónaitheach den Aontas Eorpach/den limistéar euro i gcás ina bhfuil 10 faoin gcéad nó níos mó de na gnáthscaireanna nó den chumhacht vótála (i gcás gnóthais chorpraithe) nó a gcoibhéis (i gcás gnóthais neamhchorpraithe) faoi úinéireacht infheisteora nach bhfuil ina chónaitheach.

I gcuntais náisiúnta na mBallstát, d'fhéadfadh infheisteoirí a bheith ag gnóthas infheistíochta díri eachtraí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile den Aontas Eorpach/den limistéar euro. Ní dhéantar an tuilleamh athinfheistithe comhfhreagrach a thaifeadh amhlaidh i gcuntais Eorpacha.

Comhardú na n-idirbheart

- 19.19 Is é atá i gceist le modh amháin chun cuntais Eorpacha na coda eile den domhan a thiomús ná sreafaí laistigh den Eoraip a aistarraingt, ar thaobh acmhainní agus ar thaobh úsáidí araon, ó chuntais na coda eile den domhan de chuid na mBallstát. Cé gur cheart go mbeifí in ann na sreafaí scáthánacha seo a chomhardú go teoiriciúil, de ghnáth ní tharlaíonn sé amhlaidh sa chleachtas toisc taifeadh neamhshiméadrach a dhéantar ar an idirbheart céanna i gcuntais náisiúnta na gcontrapháirtithe.
- 19.20 Cruthaítear neamhréir le neamhshiméadrachtaí, i gcuntais Eorpacha, idir cuntais an gheilleagair iomláin agus cuntais na coda eile den domhan. Dá bhrí sin, is gá na cuntais a réiteach chun cuntais Eorpacha a thiomús. Baintear an méid sin amach trí mhodhanna réitigh amhail íoschearnóga íosta nó leithdháileadh comhréireach. I gcás earraí, féadfar staitisticí trádála laistigh den Aontas a úsáid chun neamhshiméadrachtaí a chionroinnt de réir na catagóire caiteachais.
- 19.21 Cruthaítear difríochtaí breise idir comhiomláin Eorpacha agus suim chuntais náisiúnta na mBallstát de thoradh neamhshiméadrachtaí a bhaint agus chomhardú na gcuntas ina dhiaidh sin.

Aonaid tomhais praghsanna agus méideanna

- 19.22 Féadfar cuntais neamhairgeadais Eorpacha ag praghsanna na bliana roimhe sin a thiomús, le haghaidh idirbheart earraí agus seirbhísí, ag úsáid modheolaíochta cosúil leis an modheolaíocht a úsáidtear le haghaidh cuntas Eorpach ag na praghsanna reatha. Ar dtús, déantar cuntais na mBallstát agus na n-institiúidí Eorpacha/an Bhainc Cheannais Eorpaigh, arna dtiomús ag praghsanna na bliana roimhe sin, a chomhiomlánú. Ansin, déantar idirbhearta trasteorann idir Bhallstáit, arna luacháil ag praghsanna na bliana roimhe sin, a dhíchur ó chuntais na coda eile den domhan. Agus ansin, déantar na neamhréireachtaí dá dtoradh idir acmhainní agus úsáidí a dhíchur ag úsáid an mhodha arna roghnú chun idirbhearta Eorpacha a chomhardú ag praghsanna reatha.
- 19.23 Le cuntais Eorpacha ag praghsanna na bliana roimhe sin, ceadaítear ríomh na n-innéacsanna méideanna idir an tréimhse reatha agus an bhliain roimhe sin. Tar éis tréimhse thagartha a roghnú mar thagarmharc, féadfar innéacsanna méideanna a shlabhrú agus a chur i bhfeidhm i leith na gcuntas Eorpach ag praghsanna reatha na bliana tagarmhairc. Leis sin, gintear cuntais Eorpacha i méideanna móra le haghaidh tréimhse breathnóireachta ar bith. Ní suimitheach iad na sraitheanna a fhaightear ar an mbealach sin. Má tá gá le suimitheacht agus srianta cuntasaióchta eile le haghaidh beart i dtéarmaí méideanna chun críoch sonrath, ní mór iad sin a athbhunú mar chéim dheiridh chun sraitheanna a bhfuil coigeartú ó thaobh suimitheachta déanta orthu a fháil.

Cláir chomhardaithe

- 19.24 I gcuntais Eorpacha, is féidir cláir chomhardaithe airgeadais a thiomús ag úsáid modha cosúil leis an modh a úsáidtear i leith idirbheart:
- (a) déantar cláir chomhardaithe airgeadais na mBallstát a chomhlánú le stoic sócmhainní arna sealbhú agus dliteanais arna nglacadh ag institiúidí Eorpacha atá cónaitheach san Aontas Eorpach/sa limistéar euro;
 - (b) déantar stoic de shócmhainní airgeadais de chuid cónaitheach san Aontas Eorpach/sa limistéar euro arna sealbhú ag cónaitheach eile (staic intíre) a aistarraingt ó chuntais náisiúnta na coda eile den domhan; agus
 - (c) déantar neamhchomhorduithe arna gcruthú de bharr neamhréire idir stoic intíre de shócmhainní airgeadais agus na dliteanais chomhfhreagracha a leithdháileadh ar na hearnálacha éagsúla trí chomhardú.
- 19.25 I gcuntais Eorpacha, féadfar cláir chomhardaithe neamhairgeadais a thiomús mar shuim chláir chomhardaithe neamhairgeadais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh/an limistéir euro.

Maitrísí idirearnálacha

- 19.26 Déantar cur síos i maitrísí idirearnálacha ar na hidirbhearta eacnamaíochta (sealúchais sócmhainní airgeadais) idir earnálacha institiúideacha. I gcuntais náisiúnta na mBallstát, leagtar amach go mionchruinn sna maitrísí seo na hidirbhearta/sócmhainní airgeadais idir earnálacha tionscnaimh/creidiúnaí agus ceann scríbe/féichiúnaí, agus idir earnálacha intíre agus an chuid eile den domhan.
- 19.27 I gcuntais Eorpacha, féadfar "maitrísí idirearnálacha" a thiomús trí chomhiomlánú na maitrísí náisiúnta agus trí athaicmiú stoc agus sreafaí laistigh den Eoraip mar shreafaí cónaitheacha agus stoic cónaitheacha. Chun na críche sin, ní mór idirdhealú a dhéanamh sna maitrísí náisiúnta sin idir idirbhearta agus sealúchas sócmhainní airgeadais, i leith aonaid chónaitheacha an Aontais Eorpaigh/an limistéir euro agus na neamhchónaitheach i gcuntas na coda eile den domhan. Sa bhreis air sin, ní mór sreafaí agus stoic i leith aonaid chónaitheacha an Aontais Eorpaigh/an limistéir euro a idirdhealú tuilleadh de réir earnála contrapháirte.

IARSCRÍBHINN 19.1

CUNTAIS NA N-INSTITIÚIDÍ EORPACHA

Acmhainní

- 19.28 Ar phríomhacmhainní na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí neamhairgeadais Eorpacha tá:
- (a) dleachtanna custaim agus talmhaíochta;
 - (b) muirir tháirgthe ar tháirgeoirí siúcra, iseaghlúcois agus síoróipe ionúiline;
 - (c) an acmhainn bunaithe ar Cháin Bhreisluacha; agus
 - (d) an acmhainn bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta (OIN).
- 19.29 gcuntais na n-institiúidí Eorpacha, déantar na sreafaí seo a thaifeadh mar acmhainní san fho-earnáil “institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha” (S.1315) agus mar úsáidí i gcuntais na coda eile den domhan (S.211).
- 19.30 Toibhítear dleachtanna custaim agus talmhaíochta ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpach faoin gcomhtharfaí chustaim. Déantar iad a aicmiú mar “cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh” (D.212) agus áirítear costais bhailiúcháin iontu.
- 19.31 Toibhítear muirir tháirgthe ar na cuótaí siúcra, iseaghlúcois agus síoróipe ionúiline atá ag na táirgeoirí. Déantar iad a aicmiú mar “cánacha ar tháirgí, ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí” (D.214) agus áirítear costais bhailiúcháin iontu.
- 19.32 Coinníonn na Ballstáit cion seasta de na suimeanna arna mbailiú faoi pointe (a) agus pointe (b) de mhír 19.A1.01 mar chostais bhailiúcháin. B’ionann an cion sin agus 25 % in 2009. I gcuntais na n-institiúidí Eorpacha, déantar na costais bhailiúcháin sin a thaifeadh, ar thaobh na n-úsáidí, mar “tomhaltas idirmheánach” (P.2) na fo-earnála “institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha” (S.1315). Ar thaobh na n-acmhainní, déantar iad a thaifeadh mar “allmhairí seirbhísí” (P.72) i gcuntais na coda eile den domhan (S.211).
- 19.33 Déantar an acmhainn bunaithe ar Cháin Bhreisluacha a ríomh trí ráta céatadán sheasta, ar a dtugtar glaoirata CBL, a chur i bhfeidhm maidir le bonn comhchuibhithe measúnaithe CBL gach Ballstát. Déantar an bonn measúnaithe CBL a chaidhpeáil maidir le hOllioncam Náisiúnta. Ciallaíonn caidhpeáil an bhoinn mheasúnaithe CBL, má sháraíonn bonn measúnaithe CBL Ballstáit céatadán áirithe de bhonn measúnaithe OIN an Bhallstáit sin, ní chuirtear an glaoirata CBL i bhfeidhm i leith an bhoinn mheasúnaithe CBL ach cuirtear i bhfeidhm é i leith chéatadán deireanach an bhoinn mheasúnaithe OIN. Cuimsítear leis an acmhainn bunaithe ar Cháin Bhreisluacha íocaíochtaí don bhliain reatha chomh maith le comhorduithe ó bhlianta roimhe sin, a chomhfhreagraíonn do leasuithe ar bhoinn mheasúnaithe CBL roimhe sin, nuair atá siad dlite le híoc. Déantar an acmhainn bunaithe ar Cháin Bhreisluacha a aicmiú mar “acmhainní dílse an AE atá bunaithe ar CBL agus OIN” (D.76).
- 19.34 Is ranníocaíocht iarmharach le buiséad na n-institiúidí Eorpacha é an acmhainn bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta, a ndéantar a mheasúnú ar leibhéal an Ollioncain Náisiúnta i ngach Ballstát. Déantar é a aicmiú mar “acmhainní dílse an AE atá bunaithe ar CBL agus OIN” (D.76) agus áirítear aisíocaíochtaí agus comhardú íocaíochtaí i gcomhair blianta roimhe sin ann. Déantar ceartú na neamhchomhorduithe buiséadacha arna n-íoc ag Ballstáit eile leis na tíortha lena mbaineann a thaifeadh faoi D.76 freisin, mar acmhainní agus úsáidí na coda eile den domhan (S.211).
- 19.35 Déantar ranníocaíochtaí na mBallstát leis an gCiste Eorpach Forbraíochta a aicmiú mar “comhar idirnáisiúnta reatha” (D.74).
- 19.36 Déantar síntiúis na mBallstát le scairbhíshigh an Bhainc Eorpach Infheistíochta, an Chiste Eorpach Infheistíochta agus an Bhainc Cheannais Eorpach a thaifeadh sna cuntais airgeadais mar “cothromas eile” (F.519). Déantar iad a thaifeadh mar athruithe ar shócmhainní na coda eile den domhan (S.211) agus mar athruithe ar dhliteanais na bhfo-earnálacha “idirghabhálaithe eile airgeadais, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsín” (S.125)/“banc ceannais” (S.121).
- 19.37 Déantar úis atá iníochta i leith iasachtaí arna ndeonú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, i ndiaidh Seirbhísí Idirghabhála Airgeadais arna dTomhas go hIndíreach (FISIM) a asbhaint, a aicmiú mar “ús” (D.41). I gcuntais na n-institiúidí Eorpacha, déantar iad a thaifeadh mar úsáidí i leith na coda eile den domhan (S.2) agus mar acmhainní i leith “idirghabhálaithe eile airgeadais, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsín” (S.125).
- 19.38 Déantar úis atá iníochta i leith iasachtaí arna ndeonú ag an mBanc Ceannais Eorpach a aicmiú mar “ús” (D.41). I gcuntais na n-institiúidí Eorpacha, déantar iad a thaifeadh mar úsáidí i leith na coda eile den domhan (S.211) agus mar acmhainní i leith na fo-earnála “banc ceannais” (S.121).

Úsáidí

- 19.39 Is iad seo a leanas na híocaíochtaí a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí neamhairgeadais Eorpacha:
- (a) idirbhearta a bhaineann lena ngníomhaíochtaí mar thairgeoirí neamh-mhargaidh, go príomha: “tomhaltas idirmheánach” (P.2), “ollfhoirmiú caipitil sheasta” (P.51) agus “cúiteamh d’fhostaithe” (D.1);
 - (b) idirbhearta dáileacháin a bhaineann leis na haistrihe ó institiúidí Eorpacha go Ballstáit. Bíonn siad i bhfoirm “fóirdheontais ar tháirg” (D.31), “fóirdheontais eile ar tháirgeadh” (D.39), “comhar idirnáisiúnta reatha” (D.74), “aistrihe reatha ilghnéitheacha eile” (D.759), “deontais infheistíochta” (D.92) agus “aistrihe caipitil eile” (D.99) den chuid is mó; agus
 - (c) íocaíochtaí ón gCiste Eorpach Forbraíochta le tríú tíortha a aicmítear mar “comhar idirnáisiúnta reatha” (D.74).
- 19.40 Déantar na híocaíochtaí arna ndéanamh ag institiúidí agus comhlachtaí neamhairgeadais Eorpacha a thaifeadh i gcuntais institiúidí Eorpacha mar úsáidí i leith na fo-earnála “institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha” (S.1315) agus mar acmhainní i leith na coda eile den domhan (S.211 nó S.22).
- 19.41 Go ginearálta, déantar íocaíochtaí arna ndéanamh ag institiúidí agus comhlachtaí neamhairgeadais Eorpacha a thaifeadh ar bhonn na ráiteas caiteachais arna soláthar ag na Ballstáit. Déantar réamhíocaíochtaí agus íocaíochtaí *ex-post* a thaifeadh i gcuntais airgeadais institiúidí Eorpacha mar “cuntais eile infhála/iníochta, gan creidmheasanna trádála agus airleacain a áireamh” (F.89).
- 19.42 Is iad seo a leanas na híocaíochtaí a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí airgeadais Eorpacha:
- (a) idirbhearta a bhaineann lena ngníomhaíochtaí mar thairgeoirí margaidh seirbhísí airgeadais, go príomha: “tomhaltas idirmheánach” (P.2), “ollfhoirmiú caipitil sheasta” (P.51) agus “cúiteamh d’fhostaithe” (D.1);
 - (b) íocaíochtaí úis (D.41).
- Toisc nach bhféachtar ar shíntiúis na mBallstát le caipiteal an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta mar infheistíocht dhíreach eachtrach, níl aon sreabhadh barúlach de thuilleamh athinfheistithe (D.43) le taifeadh ina chuntais.
- 19.43 Déantar na híocaíochtaí arna ndéanamh ag institiúidí agus comhlachtaí airgeadais Eorpacha a thaifeadh i gcuntais institiúidí Eorpacha mar úsáidí i leith na fo-earnála “idirghabhálaithe eile airgeadais, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin” (S.125) agus mar acmhainní i leith na coda eile den domhan (S.211 nó S.22).

Comhdhlúthú

- 19.44 I gcuntais Eorpacha, ní dhéantar sreafaí idir Ballstáit agus institiúidí Eorpacha a chomhdhlúthú de ghnáth, idir acmhainní agus úsáidí, laistigh den earnáil “an rialtas ginearálta” (S.13). Mar sin féin, i gcás “comhar idirnáisiúnta reatha” (D.74), déantar íocaíochtaí na mBallstát le hinstitiúidí Eorpacha a chomhdhlúthú agus a thaifeadh i gcuntais Eorpacha mar úsáidí i leith an “rialtas láir (gan an tslándáil shóisialta a áireamh)” náisiúnta (S.1311) agus mar acmhainní i leith na coda eile den domhan (S.22) chun, mar shampla, an Ciste Eorpach Forbraíochta a mhaoiniú.

CAIBIDIL 20

CUNTAIS AN RIALTAIS

RÉAMHRÁ

- 20.01 Déanann CCE gníomhaíochtaí an rialtais a dheighilt go tairbheach ó na gníomhaíochtaí a dhéanann an chuid eile den gheilleagar toisc go bhfuil difríocht idir chumhachtaí, spreagadh, agus fheidhmeanna an rialtais agus cumhachtaí, spreagadh agus feidhmeanna na n-earnálacha eile. Sa Chaibidil seo tugtar léargas ar chuntais earnáil an rialtais ghinearálta agus ar thíolacadh staidrimh airgeadais an rialtais (SAR) ina dtugtar pictiúr comhtháite de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an rialtais: ioncam, caiteachas, easnamh/barrachas, maoiniú, sreafaí eacnamaíocha eile agus an clár comhardaithe.
- 20.02 Tá cumhachtaí ag rialtais cánacha agus tobhaigh éigeantacha eile a chruinniú agus dlíthe a rith a dhéanfaidh difear d'iompar na n-aonad eacnamaíoch eile. Is iad príomhfheidhmeanna eacnamaíocha an rialtais:
- (a) freagracht a ghlacadh as earraí agus seirbhísí a sholáthar don phobal, ar mhaithe le tomhaltas comhchoiteann amhail riarachán poiblí, cosaint, agus forfheidhmiú an dlí, nó ar mhaithe le tomhaltas aonair amhail seirbhísí oideachais, sláinte, áineasa agus cultúir, agus chun soláthar na n-earraí agus na seirbhísí sin a mhaoiniú as cáin nó as ioncaim eile;
 - (b) ioncam agus rachmas a athdháileadh trí mheán íocaíochtaí aistritheacha amhail cánacha agus sochair shóisialta;
 - (c) bheith i mbun cineálacha eile táirgthe chun críoch neamh-mhargaidh.
- 20.03 I dtíolacadh SAR ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an rialtais ghinearálta déantar gnáthsheicheamh chuntais CCE a chur i láthair ar bhealach eile atá níos feiliúnaí d'anailísithe airgeadais an rialtais agus do lucht ceaptha beartas an rialtais. Sa tíolacadh seo úsáidtear comhiomlán agus ítimí comhardaithe arna sainmhíniú i dtéarmaí choincheapa, shainmhínithe, aicmithe, agus rialacha cuntasáíochta CCE ionas go dtomhastar iad go comhsheasmhach le hathróa maicreacnamaíocha eile agus leis na haonaid tomhais chéanna atá i dtíortha eile. Tá roinnt de na hítimí sin, amhail coigilt agus glaniasachtú/glaniasachtaíocht ar fáil cheana féin i seicheamh na gcuntas. Ní dhéantar ítimí eile, amhail ioncam iomlán, caiteachas iomlán, an muirear cánach agus fiachas iomlán a thaispeáint go sainráite.
- 20.04 Sa roinn "Saincheistanna cuntasáíochta a bhaineann leis an rialtas ghinearálta" tugtar rialacha breise maidir le roinnt de na ceistanna níos deacra a bhaineann le haicmiú agus le tomhas in earnáil an rialtais ghinearálta.

EARNÁIL AN RIALTAIS GHINEARÁLTA A SHAINMHÍNIÚ

- 20.05 Is éard atá in earnáil an rialtais ghinearálta (S.13) na haonaid rialtais agus na hinstiúidí neamhbhrabúis (INBanna) neamh-mhargaidh go léir atá faoi rialú aonad rialtais. Cuimsíonn sí táirgeoirí neamh-mhargaidh eile freisin arna sainmhíniú i mír 20.18 go mír 20.39.
- 20.06 Is éard atá sna haonaid rialtais aonáin dlíthiúla ar leith arna mbunú trí phróis pholaitiúla, aonáin a bhfuil aonaid institiúideacha eile laistigh de limistéar áirithe faoina n-údarás reachtach, breithiúnach, nó feidhmiúcháin. Is é a bpríomhfheidhm earraí agus seirbhísí a sholáthar don phobal agus do theaghligh ar bhonn neamh-mhargaidh agus ioncam agus rachmas a athdháileadh.
- 20.07 Is iondúil go mbíonn sé d'údarás ag aonad rialtais cistí a chruinniú ó aistrithe éigeantacha ó aonaid institiúideacha eile. D'fhonn na bunriachtanais a bhaineann le haonaid institiúideach a chomhlíonadh, ní mór d'aonad rialtais a chistí féin a bheith aige a cruinníodh ó ioncam ó aonaid eile nó a fuarthas mar aistrithe ó aonaid rialtais eile agus ní mór é a bheith d'údarás aige na cistí sin a íoc amach agus a chuspóirí beartais á saothrú. Ní mór dó a bheith in ann cistí a fháil ar íasacht ar a chuntas féin freisin.

Aonaid sa rialtas a shainithint

Aonaid rialtais

- 20.08 Tá lár-eintiteas i ngach tír, go háirithe laistigh den rialtas láir agus feidhmíonn an lár-aonán sin cumhachtaí feidhmiúcháin, reachtacha agus breithiúnacha ar leibhéal náisiúnta. Is Aireacht Airgeadais, nó a coibhéis, a rialálann agus a rialaíonn a ioncam agus a chaiteachas trí bhuiséad ghinearálta arna fhorhmeas ag an reachtas. D'ainneoin mhéid agus éagsúlacht an eintitis sin, is iondúil gur aonaid institiúideach amháin atá ann. Tá ranna aireachta, gníomhaireachtaí, boird, coimisiúin, údarás bhreithiúnacha, agus comhlachtaí reachtacha, mar chuid den lár-aonad rialtais láir sin. Ní shainithnítear na haireachtaí mar aonaid institiúideacha ar leithligh, toisc nach bhfuil sé d'údarás acu sócmhainní a shealbhú, dlíteanais a thabhtú, ná idirbhearta a dhéanamh as a gceart féin.

- 20.09 I bhfo-earnálacha an rialtais ghinearálta amhail rialtais stáit agus rialtais áitiúla is féidir na lár-aonaid phríomha rialtais mar atá tuairiscithe i mír 20.08 a áireamh, agus baint ag gach ceann acu le leibhéal áirithe rialtais agus le limistéar geografach áirithe.
- 20.10 Chomh maith leis an bpríomhaonad sin, tá aonáin rialtais ann a bhfuil sainiúlacht dhlítheanach ar leithligh agus féinrial shuntasach acu, lena n-áirítear rogha ar mhéid agus ar chomhdhéanamh a gcaiteachas agus foinse dhíreach ioncaim, amhail cánacha atá curtha in áirithe. Is minic a bhunaítear na haonáin sin chun feidhmeanna sonracha a chomhlíonadh, amhail déanamh bóithre nó seirbhísí sláinte, oideachais nó taighde a tháirgeadh chun críoch neamh-mhargaidh. Meastar na heintitis sin mar aonaid rialtais ar leithligh i gcás ina gcoimeádann siad sraitheanna iomlána cuntas, nuair atá úinéireacht acu ar earraí nó ar shócmhainní as a gceart féin, nuair a dhéanann siad gníomhaíochtaí neamh-mhargaidh a bhfuil siad freagrach astu de réir dlí, agus más féidir leo dliteanais a thabú agus conarthaí a dhéanamh. Is minic a dhéantar tagairt do na heintitis sin (mar aon le hinstiúidí neamhbhrabúis faoi rialú an rialtais) mar "aonaid sheachbhuiséadacha" toisc go bhfuil buiséid ar leithligh acu, toisc go bhfaigheann siad aistrithe suntasacha ón bpríomhbhuiséad agus toisc go bhforlíontar a bpríomhfhoinsí airgeadais lena bhfoinsí ioncaim féin atá lasmuigh den phríomhbhuiséad. Déantar na haonaid sheachbhuiséadacha sin a aicmiú in earnáil an rialtais ghinearálta murar táirgeoirí margaidh den chuid is mó iad agus iad faoi rialú aonaid rialtais eile.
- 20.11 Is féidir gnóthais neamhchorpraithe ar táirgeoirí margaidh iad agus samhailchorparáidí a áireamh i mbuiséad ginearálta in aon leibhéal rialtais ar bith. Má cháilíonn siad mar aonaid institiúideacha, ní mheastar gur cuid den rialtas ginearálta na gnóthais sin, ach aicmítear iad in earnáil na gcorparáidí airgeadais nó neamhairgeadais.
- 20.12 Is éard atá sna cistí slándála sóisialta aonaid rialtais atá dírithe ar oibríú na scéimeanna slándála sóisialta. Is ionann na scéimeanna slándála sóisialta agus scéimeanna árachais shóisialta lena gcuimsítear an pobal ina iomláine nó cuid mhór de, arna bhforchur agus arna rialú ag an rialtas. Is ionann ciste slándála sóisialta agus aonad institiúideach má eagraítear é ar leithligh ó ghníomhaíochtaí eile na n-aonad rialtais, má shealbhaíonn sé a shócmhainní agus a dhliteanais ar leithligh, agus má dhéanann sé idirbhearta airgeadais ar a chuntas féin.

INBanna atá aicmithe in earnáil an rialtais ghinearálta

- 20.13 Is aonaid de chuid earnáil an rialtais ghinearálta freisin iad institiúidí neamhbhrabúis (INBanna) ar táirgeoirí neamh-mhargaidh iad faoi rialú aonad rialtais.
- 20.14 D'fhéadfadh rialtais rogha a dhéanamh INBanna seachas gníomhaireachtaí rialtais a úsáid chun beartais rialtais áirithe a chur i gcrích toisc go bhféachtar orthu mar institiúidí atá níos neamhspleáiche, níos oibiachtúla, agus toisc go meastar gur lú an seans go rachaidh brúnna polaitíochta i bhfeidhm orthu. Mar shampla, d'fhéadfadh institiúidí neamhbhrabúis a bheith níos éifeachtaí ná gníomhaireachtaí rialtais i réimsí cosúil le taighde agus forbairt agus caighdeán a leagan síos agus a chothabháil i réimsí cosúil le sláinte, sábháilteacht, an comhshaol, agus oideachas.
- 20.15 Sainmhínítear rialú ar INB mar an cumas beartas nó clár ginearálta na hinstiúide neamhbhrabúis a chinneadh. Maidir le hidirghabháil phoiblí i bhfoirm rialachán ginearálta is infheidhme maidir leis na haonaid uile atá ag obair sa gníomhaíocht chéanna, ní bhaineann sí le hábhar agus cinneadh á dhéanamh faoina mbeidh aonad aonair faoi rialú an rialtais. Ba cheart na cúig tháscaire rialaithe seo a leanas a mheas le cinneadh an bhfuil institiúid neamhbhrabúis faoi rialú an rialtais:
- (a) ceapadh oifigeach;
 - (b) forálacha eile na hionstraime cumasaithe, amhail na hoibleagáidí i reacht na hinstiúide neamhbhrabúis;
 - (c) comhaontuithe conarthacha;
 - (d) méid an mhaoinithe;
 - (e) neamhchosaint ar rioscaí.


Is féidir gur leor táscaire amháin chun rialú a bhunú. Mar sin féin, más rud é go leanann institiúid neamhbhrabúis arna maoiniú go príomha ag an rialtas de bheith ábalta a beartas nó a clár a chinneadh go pointe suntasach ar an dóigh a luaitear sna táscairí eile, ní mheasfar í a bheith faoi rialú an rialtais. I bhformhór na gcásanna, léirítear an rialú trí roinnt táscairí le chéile. Cinneadh daorbhreithiúnach a bheidh in aon chinneadh arna bhunú ar na táscairí sin.

- 20.16 Déantar saintréith neamh-mhargaidh na hinstiúide neamhbhrabúis a chinneadh ar an dóigh chéanna agus a dhéantar i gcás aonaid eile an rialtais ghinearálta.

Aonaid eile de chuid an rialtais ghinearálta

- 20.17 Is féidir é bheith deacair táirgeoirí earraí agus seirbhísí a oibríonn faoi thionchar aonad rialtais a aicmiú. Is é an rogha eile atá ann iad a aicmiú in earnáil an rialtais ghinearálta nó, má tá siad cáilithe le bheith ina n-aonaid institiúideacha, mar chorparáidí poiblí. I gcásanna den sórt sin, úsáidtear an crann cinnití seo a leanas.

Léaráid 20.1 — Crann cinntí



Rialú poiblí

20.18 Is é an sainmhíniú ar eintiteas a rialú an cumas beartas nó clár ginearálta an eintitis sin a chinneadh. D'fhonn aonán a bheith faoi rialú rialtais a chinneadh, úsáidtear na critéir a úsáidtear i gcás corporáidí ar dóigh dóibh a bheith ina gcorparáidí poiblí, mar atá leagtha amach i mír 2.32.

Treoirharcáil margaidh/neamh-mhargaidh

Gné na bpragsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de

- 20.19 Soláthraíonn táirgeoirí neamh-mhargaidh a n-aschur ar fad nó an chuid is mó dá n-aschur do dhaoine eile saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de. Is é atá i bpragsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de praghsanna a mbíonn tionchar suntasach acu ar na méideanna táirgí atá táirgeoirí toilteanach a sholáthar agus ar na méideanna táirgí is mian le ceannaitheoirí a cheannach. Is é sin an critéar a úsáidtear chun aschur agus táirgeoirí a aicmiú mar aschur nó táirgeoirí margaidh nó neamh-mhargaidh, agus cinntear ar an dóigh sin ar cheart aonad institiúideach a bhfuil leas rialaithe ag an rialtas ann a shainiú mar tháirgeoir neamh-mhargaidh — agus é aicmithe in earnáil an rialtais ginearálta — nó mar tháirgeoir margaidh — agus é ar áireamh mar chorporáid phoiblí.
- 20.20 Cé gur ar leibhéal gach aschuir aonair a dhéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil praghas suntasach ó thaobh an gheilleagair de, déantar an critéar, lena gcinntear an aonad margaidh nó neamh-mhargaidh an t-aonad, a chur i bhfeidhm ar leibhéal an aonaid.
- 20.21 Is féidir glacadh leis go mbíonn praghsanna suntasach ó thaobh an gheilleagair de nuair is corporáidí príobháideacha na táirgeoirí. Nuair atá rialú poiblí i gceist, áfach, d'fhéadfaí praghsanna aonaid a bhunú nó a athrú ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, rud a d'fhéadfadh deacrachtaí a chruthú agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil na praghsanna suntasach ó thaobh an gheilleagair de. Bunaíonn an rialtas corporáidí poiblí go minic chun earraí agus seirbhísí a sholáthar nach dtáirgfeadh an margadh i gcainníochtaí ná ag praghsanna a chomhlíonadh beartas an rialtais. I gcás na n-aonad poiblí sin a fhaigheann tacaíocht ón rialtas, d'fhéadfadh sé go gcuimseodh na díolacháin cuid mhór dá gcostais, ach freagróidh siad ar bhealach difriúil ó na corporáidí príobháideacha d'fhórsaí an mhargaidh.

- 20.22 Chun anailís a dhéanamh ar an difríocht idir táirgeoir margaidh agus táirgeoir neamh-mhargaidh, i ndáil le hathruithe ar choinníollacha an mhargaidh, tá sé úsáideach a shonrú cad iad na haonaid ar tomhaltóirí na n-earraí agus na seirbhísí i dtrácht iad agus an amhlaidh go bhfuil an táirgeoir in iomaíocht ar an margadh nó an amhlaidh nach bhfuil ann ach soláthróir.

Critéar an cheannaitheora i gcás aschur táirgeoira poiblí

Díoltar an t-aschur le comparáidí agus le teaghlaigh den chuid is mó

- 20.23 Go hiondúil bíonn praghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de mar thoradh ar dhá phríomhchoinníoll a bheith comhlíonta:
- (1) tá dreasacht ag an táirgeoir an soláthar a choigeartú ar mhaithe le brabús a dhéanamh san fhadtárma nó, ar a laghad, lena chaipiteal agus costais táirgthe eile a chumhdach, lena n-áirítear tomhaltas caipitil sheasta, trí dhíolacháin; agus
 - (2) tá saoirse ag tomhaltóirí rogha a dhéanamh ar bhonn na bpragsanna a ghearrtar.

Ní dhíoltar an t-aschur ach leis an rialtas

- 20.24 Tá roinnt seirbhísí ann a éilíonn gach aonad go hiondúil mar sheirbhísí coimhdeacha. Ina measc tá gníomhaíochtaí amhail iompar, maoiniú agus infheistíocht, ceannach, díolacháin, margaíocht, seirbhísí ríomhairreachta, cumarsáid, glantachán, agus cothabháil. Is aonad coimhdeach é an t-aonad a sholáthraíonn seirbhísí den chineál sin dá mháthairraonad nó d'aonaid eile sa ghrúpa céanna aonad agus dóibh sin amháin. Ní aonad institiúideach ar leithligh é agus aicmítear é lena mháthairraonad. Soláthraíonn na haonaid coimhdeacha a n-aschur ar fad dá n-úinéirí lena úsáid mar thomhaltas idirmhéanach nó mar ollfhoirmiú caipitil sheasta.
- 20.25 Mura ndíolann táirgeoir poiblí ach leis an rialtas amháin agus más rud é gurb é an t-aon soláthróir seirbhísí don rialtas é, meastar gur táirgeoir neamh-mhargaidh é mura bhfuil sé san iomaíocht le táirgeoir príobháideach. Is sampla tipiciúil é tairiscint a chur isteach ar chonradh le rialtas ar théarmaí tráchtála agus, ar an ábhar sin, go mbaineann íocaíochtaí rialtais le seirbhísí a sheachadtar amháin.
- 20.26 Má tá táirgeoir poiblí ar cheann de roinnt soláthraithe don rialtas, meastar gur táirgeoir margaidh é má tá sé ag dul san iomaíocht le táirgeoirí eile sa mhargadh agus má chomhlíonann a phraghsanna na critéir ghinearálta a bhaineann le praghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de mar a shainítear i mír 20.19 go mír 20.22.

Díoltar an t-aschur leis an rialtas agus le hearnálacha eile

- 20.27 I gcás ina bhfuil táirgeoir poiblí an t-aon soláthraí amháin de na seirbhísí a sholáthraíonn sé, meastar gur táirgeoir margaidh é más mó a dhíolacháin le haonaid neamhrialtais ná leath a aschuir iomláin nó má chomhlíonann a dhíolacháin le haonaid rialtais an coinníoll tairisceana i mír 20.25.
- 20.28 Má tá roinnt soláthraithe ann, táirgeoir margaidh is ea táirgeoir poiblí má théann sé san iomaíocht leis na táirgeoirí eile trí thairiscint a chur isteach ar chonradh leis an rialtas.

An tástáil mhargaidh/neamh-mhargaidh

- 20.29 Níl sé casta na lár-aonaid rialtais atá i mbun earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhonn neamh-mhargaidh agus/nó i mbun athdháileadh ioncaim agus rachmais a aicmiú de réir earnaíla.

I gcás táirgeoirí eile a oibríonn faoi rialú rialtais, is gá a ngníomhaíocht agus a n-acmhainní a mheasúnú. D'fhonn a chinneadh gur aonaid mhargaidh iad, agus chun praghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de a ghearradh, tá na critéir atá leagtha amach i mír 20.19 go mír 20.28 le seiceáil. Seo a leanas achoimre ar na coinníollacha:

- (a) is aonad institiúideach an táirgeoir (coinníoll riachtanach; féach freisin an crann cinntí i mír 20.17);
- (b) ní soláthróir tiomnaithe seirbhísí coimhdeacha é an táirgeoir;
- (c) ní hé an táirgeoir an t-aon soláthraí amháin d'earraí agus de sheirbhísí don rialtas, nó más amhlaidh atá, tá iomaitheoirí aige; agus
- (d) tá dreasacht ag an táirgeoir an soláthar a choigeartú chun dul i mbun gníomhaíochta brabúsmaire inmharthana, chun a bheith ábalta oibriú faoi choinníollacha margaidh agus chun a n-oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh.

Déanfar an cumas dul i mbun gníomhaíochta margaidh a sheiceáil go háirithe trí na gnáthchritéir chainníochtúla (an critéar 50 %), ag baint úsáide as an gcóimheas idir dhíolacháin agus chostais táirgthe (mar atá sainmhínithe i mír 20.30 agus mír 20.31). Chun a bheith ina tháirgeoir margaidh, cumhdóidh an t-aonad poiblí 50 % dá chostais ar a laghad trína dhíolacháin thar thréimhse leanúnach ilbhlianta.

- 20.30 I gcás na tástála margaidh/neamh-mhargaidh, comhfhreagraíonn díolacháin earraí agus seirbhísí d'fháltais díolachán, i bhfocail eile, comhfhreagraíonn siad d'aschur margaidh (P.11) arna méadú ag na híocaíochtaí i leith aschuir neamh-mhargaidh (P.131), más ann dóibh. Sa chomhthéacs sin, ní ghlactar le táirgeadh féinchuntais mar chuid de dhíolacháin. Cuirtear na híocaíochtaí ar fad arna bhfáil ón rialtas as an áireamh i ndíolacháin freisin mura ndéantar iad a dheonú ar tháirgeoir eile atá i mbun na gníomhaíochta céanna.
- 20.31 Is ionann costais táirgthe agus suim na nithe seo a leanas: tomhaltas idirmheánach, cúiteamh d'fhostaithe, ídiú an chaipitil sheasta agus cánacha eile ar tháirgeadh. Chun críche na tástála margaidh/neamh-mhargaidh, déantar costais táirgthe a mhéadú leis an nglanmhuirear úis agus a laghdú le luach aon táirgthe bharúlaigh, go háirithe le luach an táirgthe féinchuntais. Ní asbhaintear fóirdheontais ar tháirgeadh.

Idirghabháil airgeadais agus teorainn an rialtais

- 20.32 Ní mór breathnú go speisialta ar chás na n-aonad a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí airgeadais. Is éard atá in idirghabháil airgeadais an ghníomhaíocht ina bhfaigheann aonaid sócmhainní airgeadais mar éadail agus ina dtabhaíonn siad dliteanas ar a gcuntas féin ag an am céanna trí bheith i mbun idirbheart airgeadais.
- 20.33 Téann idirghabhálaí airgeadais i riosca trí dhliteanas a thabhtú ar a chuntas féin. Mar shampla, má bhíonn sócmhainní á mbainistiú ag aonad airgeadais phoiblí ach mura dtéann sé i riosca trí dhliteanas a thabhtú ar a chuntas féin, ní mheasfar gur idirghabhálaí airgeadais é agus beidh an t-aonad le haicmiú in earnáil an rialtais ghinearálta seachas in earnáil na gcorparáidí airgeadais.
- 20.34 Tríd is tríd, níl sé ábhartha an tástáil mhargaidh/neamh-mhargaidh a chur i bhfeidhm maidir le corparáidí poiblí a bhfuil baint acu le hidirghabháil airgeadais nó le bainistíocht sócmhainní, toisc go n-eascaíonn a dtuilleamh as ioncam ó mhaoin agus as gnóthachain sealúchais.

Cásanna idir eatarthu

Ceannoifigí poiblí

- 20.35 Is é atá i gceannoifigí poiblí, eintitis arb é a bpríomhfhaidhm grúpa fochorparáidí faoi rialú aonaid rialtais a rialú agus a stiúradh. Déantar idirdhealú idir dhá chás:
- (a) a mhéid is gur aonad institiúideach an cheannoifig phoiblí agus go mbíonn sí i mbun bainistíochta táirgeoirí margaidh, tá an chuideachta le haicmiú de réir príomhghníomhaíochta an ghrúpa, in earnáil S.11 más é an príomhghníomhaíocht earraí agus seirbhísí neamhairgeadais a tháirgeadh, nó in earnáil S.12 má tháirgeann sí seirbhísí airgeadais den chuid is mó (féach mír 2.23 agus mír 2.59 chomh maith);
 - (b) más rud é nach aonad institiúideach í an cheannoifig phoiblí, rud a dtugtar “blaosc” air uaireanta, nó go ngníomhaíonn sí mar ghníomhaire rialtais chun críoch beartais phoiblí, amhail cistí a sheoladh idir fhochorparáidí, agus príobháidíú nó neamhniú a eagrú, aicmítear í in earnáil an rialtais ghinearálta.
- 20.36 Leis an téarma “ceannoifig phoiblí” cuimsítear anseo aonaid a aithnítear freisin faoin teideal “cuideachtaí sealbhaíochta poiblí”.
- 20.37 Fochorparáidí atá mar chuid den ghrúpa, a bhíonn i mbun táirgeadh agus a choimeádann sraith iomlán cuntas, meastar gur aonaid institiúideacha iad fiú má tá siad tar éis cuid dá n-uathriail cinnteoireachta a ghéilleadh i bpáirt don chomhlacht lárnach (féach mír 2.13). Tá an tástáil mhargaidh/neamh-mhargaidh le cur i bhfeidhm maidir le haonaid aonair. D'fhéadfadh sé tarlú, dá bhrí sin, go n-aithneofaí fochorparáidí amháin, murab amhlaidh agus na cinn eile, mar aonad neamh-mhargaidh ach go n-aicmeofaí é in earnáil an rialtais ghinearálta.

Cistí pinsin

- 20.38 Is é atá i scéimeanna pinsin fostóirí socrúithe a cuireadh ar bun chun sochair scoir a sholáthar do rannpháirtithe, bunaithe ar chaidreamh conarthach idir fostóir agus fostaí. Áirítear orthu sin scéimeanna cistithe, neamhchistithe agus cistithe i bpáirt.
- 20.39 Ní láimhseáiltear scéim ranníocaíochtaí sainithe cistithe, arna bunú ag aonad rialtais, mar scéim slándála sóisialta, nuair nach bhfuil ráthaíocht rialtais ann ar leibhéal na bpinsean atá dlite agus go bhfuil leibhéal na bpinsean éiginnte toisc go bhfuil sé ag brath ar fheidhmíocht sócmhainní. Meastar, dá bhrí sin, gur corparáid airgeadais atá aicmithe i bhfo-earnáil na gcorparáidí árachais agus cistí pinsin é an t-aonad a shaináithnítear mar aonad bainistithe na scéime, mar aon leis an gciste féin más aonad institiúideach ar leithligh é.

Samhailchorparáidí

- 20.40 Is é atá i samhailchorparáidí gnóthais neamhchorpraithe a ghníomhaíonn amhail is dá mba corparáidí iad. Déileáiltear le samhailchorparáidí mar chorparáidí: is é sin le rá, láimhseáiltear iad mar institiúidí ar leithligh ó na haonaid lena mbaineann siad mar aitheantas ar a n-íompraíocht eacnamaíoch agus airgeadais leithleach. Dá bhrí sin, déantar buníochtaí margaidh arna rialú ag aonaid rialtais agus arna n-aithint mar samhailchorparáidí poiblí a chur sa ghrúpa céanna le corparáidí in earnálacha na gcorparáidí airgeadais nó neamhairgeadais.

- 20.41 Déantar bunaíocht rialtais nó grúpa bunaíochtaí atá i mbun táirgeadh den chineál céanna faoi chomhbhainistíocht a láimhseáil mar shamhailchorparáid más rud é:
- (a) go ngearrann sí praghsanna ar a haschur atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de;
 - (b) go meastar go bhfuil uathriail cinnteoireachta aici; agus
 - (c) go bhfuil sraith iomlán cuntas ann ionas gur féidir a comharduithe, coigiltí, sócmhainní agus dliteanais a aithint agus a thomhas ar leithligh, nó go bhféadfaí an tsraith iomlán cuntas sin a chur i dtoll a chéile.
- 20.42 Cinneann an t-úinéir an méid ioncain a tharraingítear as samhailchorparáid le linn tréimhse cuntasaióchta ar leith. Tá an aistarraingt sin comhionann le díbhinn a íocann corparáid lena scairshealbhóirí. I bhfianaise shuim an ioncain a aistarraingítear, cinntear suim an tuillimh a choinnítear laistigh den tsamhailchorparáid. D'fhéadfadh an t-úinéir caipiteal breise a infheistiú sa ghnóthas nó caipiteal a aistarraingt trí roinnt dá shócmhainní a dhiúscairt, agus ní foláir do na sreafaí caipitil sin a bheith inaitheanta sna cuntais nuair a tharlaíonn siad. Déantar sreafaí infheistíochta agus ioncain ó mhaoin sa tsamhailchorparáid a thaifeadh an an dóigh chéanna a thaifeadtar sreafaí den chineál céanna i gcorparáidí. Déantar deontais infheistíochta, go háirithe, a thaifeadh mar aistrithe caipitil.
- 20.43 Bíonn na heintitis táirgthe nach láimhseáiltear mar shamhailchorparáidí fós comhtháite leis na haonaid rialtais ar leo iad. Cé gur táirgeoirí neamh-mhargaidh atá i bhformhór na n-aonad rialtais, is féidir bunaíochtaí margaidh a bheith ann laistigh d'aonad rialtais. Tá díolacháin na mbunaíochtaí margaidh sin sa bhreis ar na díolacháin theagmhasacha, ar aschur tánaisteach iad a dhíolann bunaíochtaí neamh-mhargaidh ag praghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh glanbharrachas oibriúcháin neamhniasach a bheith ag aonad rialtais: an glanbharrachas oibriúcháin arna ghiniúint ag bunaíochtaí margaidh.

Gníomhaireachtaí athstruchtúraithe

- 20.44 Tá baint ag roinnt aonad poiblí le hathstruchtúráid corparáidí. B'fhéidir go mbeadh nó nach mbeadh na corparáidí den sórt sin faoi rialú an rialtais. D'fhéadfadh na gníomhaireachtaí athstruchtúraithe a bheith ina n-aonaid phoiblí nó ina ngníomhaireachtaí poiblí seanbhunaithe a bunaíodh chun na críche speisialta sin. Cistíonn an rialtas an t-athstruchtúráil ar bhealaí éagsúla, go díreach trí instealltaí caipitil amháil aistriú caipitil, cothromas a fháil nó a fháil ar iasacht, nó go hindíreach trí ráthaíochtaí a dheonú. Baineann na príomhchritéir lena gcinntear aicmiú earnála gníomhaireachtaí athstruchtúraithe lena fháil amach an idirghabhálaithe airgeadais iad eintitis den sórt sin, an chun críoch margaidh nó neamh-mhargaidh an phríomhghníomhaíocht agus an méid riosca a ghlacann an ghníomhaireacht phoiblí. I gcuid mhór cásanna, is beag an riosca a thabhaíonn an ghníomhaireacht athstruchtúraithe toisc go ngníomhaíonn sí agus tacaíocht airgeadais phoiblí aici agus, toisc go ngníomhaíonn sí thar ceann an rialtais. Is féidir le gníomhaireachtaí príobháidíú nó neamhniú a láimhseáil.

Gníomhaireachtaí um príobháidíú

- 20.45 Déanann gníomhaireacht athstruchtúraithe den chéad chineál príobháidíú aonad earnála poiblí a bhainistiú. Tá dhá chás ann:
- (a) gníomhaíonn an t-aonad struchtúraithe, cibé stádas dlíthiúil atá aige, mar ghníomhaire díreach an rialtais nó tá saolré teoranta aige. Is é príomhfhéidhm an aonaid rachmas agus ioncam náisiúnta a athdháileadh, agus cistí a threorú ó aonad amháin go ceann eile. Ba cheart an t-aonad athstruchtúraithe a aicmiú in earnáil an rialtais ghinearálta;
 - (b) cuideachta shealbháíochta is ea an t-aonad athstruchtúraithe a rialaíonn agus a bhainistiú grúpa fochuideachtaí, agus níl ach cuid bheag dá gníomhaíochtaí bunaithe ar phríobháidíú a stiúradh agus cistí a threorú ó fhochuideachta amháin go fochuideachta eile thar ceann an rialtais agus chun críoch beartais phoiblí. Déantar an t-aonad a aicmiú mar chorparáid, agus ba cheart aon idirbhearta a dhéantar thar ceann an rialtais a atreorú tríd an rialtas ghinearálta.

Struchtúir neamhnithe

- 20.46 Sa ghníomhaireacht athstruchtúraithe den dara cineál láimhseáiltear sócmhainní lagaithe, agus féadtar í a bhunú i ngéarchéim baincúireachta nó i ngéarchéim airgeadais eile. Tagraítear d'eagraíochtaí den sórt sin mar struchtúir neamhnithe nó "drochbhainc". Caithfear anailís a dhéanamh ar ghníomhaireacht athstruchtúraithe de réir an mhéid riosca a ghabhann sí chuici féin, agus méid na tacaíochta airgeadais a fhaightear ón rialtas á áireamh.

Sa chás is coitianta, ceannaíonn an ghníomhaireacht athstruchtúraithe sócmhainní os cionn phraghsanna an mhargaidh le tacaíocht airgeadais an rialtais go díreach nó go hindíreach. Athdháiltear ioncam agus rachmas náisiúnta de thoradh a gníomhaíochtaí. Mura dtéann an struchtúr neamhnithe sa riosca, aicmítear é in earnáil an rialtais ghinearálta.

Eintitis shainchuspóireacha

- 20.47 D'fhéadfadh rialtais nó eintitis phríobháideacha eintitis shainchuspóireacha a bhunú, ar a dtugtar meáin shainchuspóireacha freisin, ar son áisiúlachta ó thaobh cúrsaí airgeadais de. D'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag an aonán sainchuspóireach le hoibríochtaí fíoscacha, lena n-áirítear sócmhainní a urrúsú, iasachtaíocht thar ceann an rialtais etc. Ní eintitis institiúideacha ar leithligh na haonáin shainchuspóireacha sin nuair atá siad cónaitheach. Aicmítear na haonáin sin de réir príomhghníomhaíocht an úinéara, agus aicmítear aonáin shainchuspóireacha a dhéanann oibríochtaí fíoscacha in earnáil an rialtais ghinearálta.
- 20.48 Aithnítear aonáin shainchuspóireacha neamhchónaitheacha mar aonaid institiúideacha ar leithligh. Déantar gach suíomh sreafaí agus stoic idir an rialtas ghinearálta agus an t-aonán sainchuspóireach neamhchónaitheach a thairgeadh i gcuntais an rialtais ghinearálta agus na n-aonán sainchuspóireach. Ina theannta sin, nuair a théann aonáin shainchuspóireacha neamhchónaitheacha dá leithéidí i mbun iasachtaíochtaí rialtais nó nuair a thabhaíonn siad eísíocaíochtaí rialtais thar lear fiú mura dtaifeadtar aon sreafaí idir an rialtas agus an t-aonán sainchuspóireach i ndáil leis na gníomhaíochtaí fíoscacha sin, déantar idirbhearta barúlacha i gcuntais an rialtais agus an eintitis neamhchónaitheach chun gníomhaíochtaí fíoscacha an rialtais a léiriú. Má bhíonn eintiteas sainchuspóireach neamhchónaitheach i mbun oibríochta urrúsaithe gan sócmhainn a dhíol, measfar go bhfuil an oibríocht mar idirbheart iasachtaíochta de chuid an rialtais. Tugtar cuntas ar shubstaint eacnamaíoch an idirbhirt sin trí iasachtaíocht an rialtais ghinearálta a iontráil go barúlach ón aonán sainchuspóireach neamhchónaitheach ar an luach céanna agus an tráth céanna a thabhaíonn an t-aonán sainchuspóireach dliteanas i leith an chreidiúnaí eachtraigh.

Comhfhiontair

- 20.49 Déanann go leor aonad poiblí socrúithe le heintitis phríobháideacha nó le haonaid phoiblí eile chun gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh i gcomhpháirt. Is féidir aschur margaidh nó aschur neamh-mhargaidh a bheith de thoradh ar na gníomhaíochtaí sin. Is féidir comhoibríochtaí a struchtúrú go ginearálta mar cheann de thrí chineál: aonaid faoi chomhrialtú dá dtagraítear comhfhiontair; oibríochtaí comhrialtithe; agus sócmhainní comhrialtithe.
- 20.50 Is é atá i gceist le comhfhiontar bunú corparáide, comhpháirtíochta nó aonaid institiúidigh eile ina rialaíonn gach páirtí gníomhaíochtaí an aonaid i gcomhpháirt. Mar aonaid institiúideach, is féidir leis an gcomhfhiontar conarthaí a dhéanamh ina ainm féin agus maoiniú a bhailiú chun a chríochea féin. Coinníonn comhfhiontar a thairgeadh chuntasáíochta féin.
- 20.51 Go hiondúil, is leor an céatadán úinéireachta chun rialú a chinneadh. Má tá an comhchéatadán céanna den chomhfhiontar ag gach úinéir, caithfear breathnú ar na táscairí rialaithe eile.
- 20.52 Is féidir le haonaid phoiblí comhshocrúithe oibríúcháin a dhéanamh freisin nach bhfuil aonaid institiúideacha ar leithligh i gceist leo. Sa chás sin, ní gá aon aonaid a aicmiú, ach ní foláir aire a thabhairt le háirithe go ndéanfar úinéireacht na sócmhainní a thairgeadh i gceart agus go ndéanfar aon socrúithe chun ioncaim agus costas a roinnt i gcomhréir le forálacha an chonartha rialúcháin. Mar shampla, d'fhéadfadh dhá aonad teacht ar chomhaontú le bheith freagrach as céimeanna éagsúla de phróiseas táirgthe comhpháirteach nó d'fhéadfadh aonad amháin a bheith ina úinéir ar shócmhainn nó ar choimpléasc sócmhainní gaolmhara ach go gcomhaontaíonn an dá aonad ioncaim agus costais a roinnt.

Gníomhaireachtaí rialála margaidh

- 20.53 Bíonn dhá chineál gníomhaíochta ar bun ag gníomhaireachtaí poiblí atá ag gníomhú i réimse na talmhaíochta:

- (a) táirgí talmhaíochta agus táirgí bia eile a cheannach, a shealbhú agus a dhíol ar an margadh; nó
- (b) a bheith go heisiatach nó go príomha ina dháileoir fóirdheontas nó aistrithe eile chuig táirgeoirí.

Sa chéad chás, ar an gcoinníoll go ngníomhaíonn sé mar tháirgeoir margaidh, aicmítear an t-aonaid institiúideach in earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais (S.11). Sa dara cás aicmítear an t-aonaid institiúideach in earnáil an rialtais ghinearálta (S.13).

- 20.54 I gcás ina ndéanann an ghníomhaireacht rialála margaidh an dá ghníomhaíocht a gcuirtear síos orthu i mír 20.53, déantar í a dheighilt in dhá aonaid institiúideacha, de réir na príomhghníomhaíochta, agus ceann amháin á aicmiú in earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais (S.11), agus an ceann eile in earnáil an rialtais ghinearálta (S.13). I gcás ina mbeadh sé deacair an ghníomhaireacht a roinnt amhlaidh, tá an nós ann, an ghnáth-thástáil aicmithe earnála a chur in oiriúint agus critéar "príomhghníomhaíochta" a chur i bhfeidhm ar bhonn costas. Má tá dlúthbhaint idir chostais an aonaid agus an ghníomhaíocht rialála margaidh, aicmítear an t-aonaid in earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais. Moltar tairseach 80 % de chóimheas idir chostais agus dhíolacháin. Más lú an cóimheas idir chostais agus dhíolacháin a bhaineann leis an ghníomhaíocht rialála sin ná an tairseach sin, aicmítear an t-aonaid in earnáil an rialtais ghinearálta (S.13).

Údarás fhorháisiúnta

20.55 Tá roinnt tíortha mar chuid de chomhaontú institiúideach inar cuid d'údarás forháisiúnta iad na tíortha. Is intuigthe de ghnáth i socrú dá leithéid go n-aistrítear airgead ó na ballstáit chuig an údarás forháisiúnta seo agus ar ais. Beidh táirgeadh chun críoch neamh-mhargaidh ar bun ag an údarás forháisiúnta freisin. I gcuntais náisiúnta na mballstát, is éard atá sna húdarás fhorháisiúnta aonaid institiúideacha neamhchónaitheacha a aicmítear i bhfo-earnáil shonrach den chuid eile den domhan.

Fo-earnálacha an rialtais ghinearálta

20.56 Ag brath ar na socruithe riaracháin agus socruithe dlíthiúla, is iondúil go mbíonn níos mó ná leibhéal amháin rialtais i dtír. I gCaibidil 2, sonraítear trí leibhéal rialtais: rialtas láir, rialtas stáit (nó réigiúnach) agus rialtas áitiúil, agus fo-earnáil ann do gach leibhéal. I dteannta na leibhéal rialtais sin, éilítear má tá slándáil shóisialta ann, agus i ngeall ar mhéid na slándála sóisialta, agus i ngeall ar an ról atá aici i mbeartas fíoscach, nach mór staidreamh a thiomús do gach aonad slándála sóisialta mar cheathrú fo-earnáil ar leithligh de chuid an rialtais ghinearálta. Níl na leibhéil go léir ag gach tír; d'fhéadfadh sé nach mbeadh ach rialtas láir nó rialtas láir agus leibhéal amháin níos ísle ag roinnt tíortha. I dtíortha ina bhfuil níos mó ná trí leibhéal, ba cheart na haonaid éagsúla go léir a aicmiú mar cheann amháin de na leibhéil thuas.

An rialtas láir

20.57 Is éard atá i bhfo-earnáil an rialtais láir (gan an tslándáil shóisialta a áireamh) (S.1311) na haonaid rialtais go léir a bhfuil réim inniúlachta náisiúnta acu, seachas aonaid slándála sóisialta. Síneann an t-údarás polaitiúil atá ag rialtas láir tíre thar chríoch iomlán na tíre. Is féidir leis an rialtas láir cánacha a ghearradh ar gach aonad institiúideach cónaitheach agus ar aonaid neamhchónaitheacha atá i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha laistigh den tír. Bíonn an rialtas láir freagrach, de ghnáth, as seirbhísí comhchoiteanna a sholáthar ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne, amhail cosaint náisiúnta, caidreamh le tíortha eile, ord poiblí agus sábháilteacht, agus as córas sóisialta agus eacnamaíoch na tíre a rialú. Ina theannta sin, féadfaidh sé caiteachas a thabhtú maidir le seirbhísí a sholáthar, amhail seirbhísí oideachais nó sláinte, a thabhtáir den chuid is mó ar mhaithe le teaghlaigh aonair, agus féadfaidh sé aistriú a dhéanamh chuig aonaid institiúideacha eile, lena n-áirítear leibhéil eile rialtais.

20.58 Tá tábhacht faoi leith i gceist le tiomsú staidrimh don rialtas láir i ngeall ar an ról ar leith a imríonn sé maidir le hanailís ar bheartas eacnamaíoch. Is tríd an rialtas láir den chuid is mó a bhíonn tionchar ag beartas fíoscach ar bhrúnna boilscitheacha nó díbhóilscitheacha laistigh den gheilleagar. Is ag leibhéal an rialtais láir go hiondúil a dhéanann comhlacht cinnteoireachta beartais atá dírithe ar chuspóirí eacnamaíocha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm go náisiúnta.

20.59 Fo-earnáil mhór agus chasta í fo-earnáil an rialtais láir i bhformhór na dtíortha. Tá sé comhdhéanta, tríd is tríd, de ghrúpa lárnaigh ranna nó aireachtaí ar aonad institiúideach amháin iad, i dteannta na gcomhlachtaí ilghnéitheacha a oibríonn faoi rialú an rialtais láir agus sainiúlacht dhlítheanach ar leith acu agus iad uathrialach go leor chun aonaid rialtais láir bhreise a chruthú.

20.60 Uaireanta tugtar rialtas láir buiséadach ar an bpríomhghrúpa lárnaigh nó ar an bpríomhrialtas láir agus cuirtear béim air gur gné bhunriachtanach dá phríomhráiteas tuairiscithe é an "buiséad". Tugann sé sin le tuiscint gur treoirmharcáil intuigthe é an buiséad ar an aonad institiúideach sin is bun leis an rialtas láir. Tugtar an "Stát" air uaireanta, rud nár cheart a mheascadh le coincheap an státrialtais amhail cúigí, *länder*, cantúin, poblachtaí, maorachtaí, nó réigiúin riaracháin i gcóras feidearálach rialtais. Agus sraith iomlán na gcuntas a tarraingt suas don rialtas láir buiséadach, is iomchuí go minic gníomhaíochtaí cistí seachbhuiséadacha a áireamh iontu, nuair nach aonaid institiúideacha iad, agus go hiondúil na hoibríochtaí Stáitchiste uile nach dtaifeadtar sa buiséad.

20.61 Is é atá sa chomhpháirt eile den rialtas láir comhlachtaí eile an rialtais láir, ar a dtugtar aonaid sheachbhuiséadacha freisin, a chuimsíonn gníomhaireachtaí seachbhuiséadacha nó eintitis sheachbhuiséadacha a cháilíonn mar aonaid institiúideacha, mar ghnóthais phoiblí neamh-mhargaidh a bhfuil stádas dlíthiúil acu agus mar institiúidí neamhbhrabúis neamh-mhargaidh faoi rialú poiblí.

20.62 Is féidir an rialtas láir a roinnt in dhá chomhpháirt: rialtas láir buiséadach agus comhlachtaí eile an rialtais láir. Ceist bhreithiúnais í deighilt na gcomhpháirteanna sin agus d'fhéadfadh imthosca praiticiúla tionchar a imirt orthu. Critéar tábhachtach is ea cuimsiú institiúideach an "bhuiséid". Mar sin féin, ba cheart an comhdhéanamh ruinn a bheith ar eolas go beacht agus ba cheart é a bheith comhaontaithe ar an leibhéal náisiúnta, chun comhsheasmhacht na sonraí foinséacha a neartú. Agus caighdeán na sonraí á meas, is gné thábhachtach é go mbeifí in ann seicheamh iomlán cuntas a dhéanamh don dá "fo-earnáil" sin de chuid an rialtais láir.

An rialtas stáit

20.63 Is é atá i bhfo-earnáil an rialtais stáit (gan an tslándáil shóisialta a áireamh) (S.1312) na haonaid rialtais go léir i gcóras feidearálach rialtais a bhfuil réim inniúlachta stáit nó réigiúnach acu, seachas aonaid slándála sóisialta, b'fhéidir. Is ionann stát agus an limistéar geografach is mó inar féidir tír ina hiomláine a roinnt chun críoch riaracháin nó polaitiúil. Tugtar téarmaí amhail cúigí, *länder*, cantúin, poblachtaí nó réigiúin riaracháin ar limistéir den sórt sin. Tá an leibhéal cumhachta acu go léir a éilítear i gcóras feidearálach rialtais. Is iondúil go

bhfeidhmítear údarás reachtach, breithiúnach agus feidhmiúcháin rialtais stáit thar limistéar iomlán stát ar leith, lena n-áirítear cuid mhór ceantar, ach nach bhfeidhmítear a údarás ar stáit eile. Níl aon rialtais stáit i gcuid mhór tíortha. I dtíortha feidearálacha, is féidir cuid mhór cumhachtaí agus freagrachtaí a shannadh do rialtais stáit, agus is oiriúnach fo-earnáil an rialtais stáit a thiomsú i gcásanna den sórt sin.

- 20.64 Is iondúil go mbíonn sé d'údarás fíoscach ag rialtas stáit cánacha a ghearradh ar aonaid institiúideacha a bhfuil cónaí orthu, nó atá i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha ina réimse inniúlachta. Chun an t-eintiteas a shainnithint mar aonad rialtais, ní foláir dó a bheith in ann sócmhainní a shealbhú, cistí a bhailiú, agus dliteanais a thabhtú ar a chuntas féin, agus ní foláir dó a bheith i dteideal ar a laghad roinnt de na cánacha nó den ioncam eile a fhaigheann sé a chaitheamh nó a leithdháileadh de réir a chuid beartas féin. D'fhéadfadh an t-eintiteas aistrihe a fháil ón rialtas láir, áfach, aistrihe nach mbaineann ach le sainchuspóirí áirithe. Is féidir le rialtas stáit oifigigh a cheapadh gan spleáchas do rialú riaracháin sheachtraigh. Má tá eintiteas rialtais a oibríonn i stát ag brath go hiomlán ar chistí ón rialtas láir, agus má shocraíonn an rialtas láir na bealaí ina bhfuil na cistí sin le caitheamh freisin, is gníomhaireacht de chuid an rialtais láir é an t-eintiteas sa chás sin.

An rialtas áitiúil

- 20.65 Is éard atá i bhfo-earnáil an rialtais áitiúil (gan an tslándáil shóisialta a áireamh) (S.1313) na haonaid rialtais a bhfuil réim inniúlachta áitiúil acu (seachas aonaid slándála sóisialta, b'fhéidir). Is iondúil go soláthraíonn rialtais áitiúla raon leathan seirbhísí do chónaithigh áitiúla, agus cuid de na seirbhísí sin á maoiniú, b'fhéidir, as deontais ó leibhéil níos airde rialtais. Cumhdaíonn staidreamh don rialtas áitiúil raon leathan d'aonaid rialtais, mar shampla contaetha, bardasachtaí, cathracha, bailte, bailecheantair, ceantair scoile, agus ceantair uisce nó sláintíochta. Is minic a fheidhmíonn aonaid rialtais áitiúil a bhfuil freagrachtaí feidhmiúla éagsúla acu údarás ar na limistéir gheografacha chéanna. Mar shampla, d'fhéadfadh aonaid rialtais ar leithligh a dhéanann ionadaíocht ar bhaile, ar chontae, agus ar cheantar scoile údarás a fheidhmiú ar an limistéar céanna. Ina theannta sin, féadfaidh dhá rialtas áitiúla thadhhlacha nó níos mó aonaid rialtais a bhfuil údarás réigiúnach aige atá freagrach do rialtais áitiúla a eagrú. Aicmítear na haonaid sin i bhfo-earnáil an rialtais áitiúil.

- 20.66 Níl údarás reachtach, breithiúnach, agus feidhmiúcháin ag na haonaid rialtais áitiúil ach sna limistéir gheografacha is lú arna n-idirdhealú chun críoch riaracháin agus polaitiúil. Tríd is tríd bíonn raon níos lú i gceist le húdarás an rialtais áitiúil ná údarás an rialtais láir ná an rialtais stáit, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh nó nach mbeadh na rialtais sin i dteideal cánacha a ghearradh ar aonaid institiúideacha nó ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ina gcuid ceantar. Is minic a bhíonn siad ag brath go mór ar dheontais ó leibhéil níos airde den rialtas, agus gníomhaíonn siad go méid áirithe mar ghníomhairí ag rialtais láir nó stáit. Ní foláir dóibh a bheith i dteideal sócmhainní a bheith acu, cistí a bhailiú agus dliteanais a thabhtú trí iasachtaíocht ar a gcuntas féin ionas gur féidir iad a lámhseáil mar aonaid institiúideacha, áfach. Ní foláir dóibh rogha éigin a bheith acu freisin maidir leis na bealaí ina gcaitear na cistí sin, agus ba cheart dóibh a bheith in ann a n-oifigigh féin a cheapadh gan spleáchas do rialú riaracháin sheachtraigh.

Cistí slándála sóisialta

- 20.67 Is é atá san fho-earnáil cistí slándála sóisialta (S.1314) gach aonad slándála sóisialta, beag beann ar an leibhéal rialtais a oibríonn nó a bhainistíonn na scéimeanna sin. Mura gcomhlíonann scéim slándála sóisialta na ceanglais le bheith ina haonad institiúideach, dhéanfaí í a aicmiú lena máthair-aonad i gceann de na fo-earnálacha eile in earnáil an rialtais ghinearálta. Má sholáthraíonn ospidéal phoiblí seirbhís neamh-mhargaidh don phobal i gcoitinne agus má tá siad faoi rialú scéimeanna slándála sóisialta, aicmítear iad i bhfo-earnáil na gcistí slándála sóisialta.

STADREAMH AR AIRGEADAS AN RIALTAIS A THÍOLACADH

Creat

- 20.68 I bhfianaise na taithí a fuarthas i gcás rialtais, is léir go n-oireann tíolacadh atá éagsúil le seicheamh na gcuntas i CCE sa chreat lárnach do riachtanais anailíse áirithe. Tíolacadh staidrimh airgeadais an rialtais ("SAR") a thugtar air sin. Tugann sé pictiúr atá difriúil ach fós comhtháite de chuntais an rialtais ina bhfuil aonaid tomhais na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha rialtais seo a leanas: ioncam, caiteachas, easnamh/barrachas, maoiniú, sreafaí eacnamaíocha eile agus an clár comhardaithe.
- 20.69 Is éard atá i dtíolacadh SAR atá bunaithe ar CCE idirbhearta atá taifeadta i gcuntais reatha éagsúla CCE, i gcuntas caipitil CCE agus i gcuntas airgeadais CCE, a athchóirítear le haghaidh idirbheart neamh-airgeadais i dtíolacadh cuntais aonair atá níos iomchuí d'anailís fhioscach.
- 20.70 I gcóras SAR, sainmhínítear ioncam mar chomhiomlán na n-idirbheart go léir atá taifeadta faoi acmhainní deimhneacha i gcreat lárnach CCE, na bhfóirdheontas atá infhála sna cuntais reatha mar aon leis na haistrihe caipitil infhála atá taifeadta sa chuntas caipitil. Is ionann caiteachas agus comhiomlán na n-idirbheart go léir atá taifeadta faoi úsáid deimhneacha agus faoi fhóirdheontais iníoctha sna cuntais reatha mar aon le caiteachas caipitil — ollfhoirmiú caipitil móide aistrihe caipitil iníoctha — a thairfeadtar sa chuntas caipitil. Baineann na haonaid tomhais ioncaim agus caiteachais seo go sonrach leis an tíolacadh SAR, ach baineann na hidirbheartais bun leo le CCE.

20.71 Is glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9) an difríocht idir ioncam agus caiteachas, arb ionann é agus an barrachas/easnamh. Léirítear maoiniú an bharrachais/easnamh sa chuntas airgeadais ina ndéantar glanéadálacha sócmhainní airgeadais, agus glantabhú dliteanas a thaifeadadh. Bíonn iontrálacha comhfhreagracha sa chuntas airgeadais ag caiteachas agus ioncam. D'fhéadfadh dhá iontráil a bheith sa chuntas airgeadais i ngeall ar idirbhearta airgeadais chomh maith. Léiríonn sé sin prionsabal na hiontrála dúbailte ina mbíonn idirbheart comhoiriúnach ag gach idirbheart sa chuntas airgeadais. I bprionsabal, d'fhéadfaí an glaniasachtú/glaniasachtaíocht a dhíorthú ó idirbhearta sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais.

20.72 Tá an tíolacadh SAR leagtha amach thíos:

Tíolacadh Staidrimh Airgeadais an Rialtais	
	ioncam
	cánacha
	ranníocaíochtaí sóisialta
	díolacháin earraí agus seirbhísí
	ioncam reatha eile
	ioncam ó aistrithe caipitil
<i>lúide</i>	caiteachas
	tomhaltas idirmheánach
	cúiteamh d'fhostaithe
	ús
	fóirdheontais
	sochair shóisialta
	caiteachas reatha eile
	caiteachas ar aistrithe caipitil
	caiteachas infheistíochta
coth. le	glaniasachtú/glaniasachtaíocht
coth. le	glanidirbhearta airgeadais

20.73 Déantar cuntais bhreise sa chóras SAR a thiomnú do shreafaí eacnamaíocha eile agus do chláir chomhardaithe, i gcomhchuíbheas le seicheamh na gcuntas i CCE. Is féidir an t-athrú ar an gclár comhardaithe agus na sreafaí a tharlaíonn le linn na tréimhse cuntasafóichta a réiteach go hiomlán i gcuntais den sórt sin. I gcás gach sócmhainne nó dliteanas, tá feidhm ag an comhionannas seo a leanas:

	clár comhardaithe tosaigh
<i>móide</i>	idirbhearta
<i>móide</i>	athluachálacha
<i>móide</i>	athruithe eile ar an méid
cothrom le	Clár comhardaithe deiridh

20.74 Sá chlár comhardaithe léirítear iomlán na leibhéal sócmhainní — neamhairgeadais agus airgeadais — mar aon le stoic dliteanas gan íoc, as ar féidir an méid seo a leanas a dhíorthú: glanluach mar iomlán na sócmhainní lúide iomlán na ndliteanas, agus glanluach airgeadais mar iomlán na sócmhainní airgeadais lúide iomlán na ndliteanas.

20.75 I staidreamh airgeadais an rialtais léirítear feidhmíocht airgeadais an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha, nó aon ghrúpáil aonad rialtais, agus aonaid institiúideacha aonair freisin amhail rialtas láir buiséadach.

Ioncam

20.76 Is é atá in idirbheart ioncaim idirbheart a mhéadaíonn glanfhiúchas, agus a bhfuil tionchar deimhneach aige ar ghlaniasachtú (+)/ar ghlaniasachtaíocht (-). Faoin ioncam rialtais, is ionduil go mbíonn ceannasaíocht ag tobhaigh éigeantacha arna bhforchur ag an rialtas i bhfoirm cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta. I gcás roinnt leibhéal rialtais, beidh aistriú ó aonaid rialtais eile agus deontais ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ina bpríomhfhoinse ioncaim. I measc na gcatagóirí ginearálta ioncaim eile áirítear ioncam ó mhaoin, díolacháin earraí agus seirbhísí, agus aistriú ilghnéitheacha nach deontais iad. Déantar ioncam iomlán rialtais i dtéarmaí chuntasaíochta a ríomh trí idirbhearta infhála a shuimiú, ar an mbealach seo a leanas:

Ioncam iomlán	=	cánacha iomlána	D.2 + D.5 + D.91
	+	ranníocaíochtaí sóisialta iomlána	D.61
	+	díolacháin iomlána earraí agus seirbhísí	P.11 + P.12 + P.131
	+	ioncam reatha eile	D.39 + D.4 + D.7
	+	ioncam caipitil eile	D.92 + D.99

Cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta

20.77 Is éard atá i gcánacha iomlána cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (D.2), cánacha reatha ar ioncam agus rachmas etc. (D.5) agus cánacha caipitil (D.91). Is éard atá i ranníocaíochtaí sóisialta iomlána ranníocaíochtaí sóisialta iarbhair (D.611) agus ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha (D.612).

20.78 D'fhéadfadh sé a bheith deacair go leor cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta a mheas. Déantar cur síos ar na fadhbanna atá i gceist agus ar na réitigh mholta sa roinn "Saincheisteanna cuntasáíochta a bhaineann leis an rialtas ginearálta" den Chaibidil seo. Bíodh is go ndéantar taifeadh ar chánacha i roinnt mhaith de na cuntais i gcreat lárnach CCE, is éard a dhéantar i dtíolacadh SAR na cánacha go léir a thíolacadh mar chatagóirí amháin ioncaim, agus fo-aicmithe ann de réir an bhoinn ar a dtóibítear an cháin. Léirítear cánacha caipitil mar chánacha ioncaim i dtíolacadh SAR.

20.79 Úsáidtear sonraí faoi ioncam ó chánacha agus ó ranníocaíochtaí sóisialta ⁽¹⁾ chun cóimheas iomlán na gcánacha nó cóimheas muirear fioscach a thiomnú, amháin cóimheas idir iomlán na gcánacha agus leibhéal an OTI, a úsáidtear i gcomparáidí idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tíolactar ranníocaíochtaí sóisialta éigeantacha an tráth céanna agus a thíolactar staidreamh cánach agus áirítear iad in aonaid tomhais ar an muirear fioscach nó ar thobhaigh éigeantacha.

Díolacháin

20.80 Is éard atá i ndíolacháin iomlána earraí agus seirbhísí aschur margaidh (P.11) mar aon le híocaíochtaí i leith aschuir neamh-mhargaidh (P.131). Áirítear iontu freisin — seachas nuair a úsáidtear iad do thastáil mhargaidh/neamh-mhargaidh (féach mír 20.30) — aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse (P.12). Is éard atá sa chuid is mó den aschur arna tháirgeadh ag an rialtas ginearálta earraí agus seirbhísí nach ndíoltar ar chor ar bith nó a dhíoltar ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de. Níl dáileadh aschuir neamh-mhargaidh ag teacht le coincheap ginearálta an ioncaim. I gcás earraí agus seirbhísí, ní áirítear in ioncam ach díolacháin iarbhair agus roinnt díolachán barúlach sonracha.

20.81 Is éard atá in aschur margaidh (P.11) an rialtais:

- (a) aschur margaidh na mbunaíochtaí margaidh a chuirtear san áireamh sa rialtas, amháin monarcha armán ar cuid den aireacht cosanta é, nó ceaintíní arna mbunú ag aonaid rialtais dá bhfostaithe a ghearrann praghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de;
- (b) táirgí margaidh tánaisteacha arna ndíol ag bunaíochtaí neamh-mhargaidh, dá dtagraítear "díolacháin theagmhasacha" uaireanta, ar nós táirgí a eascraíonn as conarthaí taighde agus forbartha idir ollscoileanna agus corparáidí poiblí, nó foilseacháin arna ndíol ag aonaid rialtais ar phraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de.

20.82 Tá na "díolacháin theagmhasacha" thuasluaite éagsúil le táillí iontrála comharthacha a ghearrtar ar chuariteoirí ar mhúsaem, ar páirtíocaíochtaí i leith aschuir neamh-mhargaidh iad (P.131). I measc na bpáirtíocaíochtaí is suntasaí tá íocaíochtaí le hospidéal nó le scoileanna, nuair is ospidéal nó scoileanna neamh-mhargaidh iad.

20.83 Glactar le luach foirmithe caipitil ar bhonn féinchuntais mar ioncam i staidreamh airgeadais rialtais, ar staidreamh iad atá bunaithe ar CCE, agus áirítear é i ndíolacháin. Áirítear i ndíolacháin freisin luach earraí agus seirbhísí a tháirgtear agus a sholáthraítear mar chúiteamh d'fhostaithe i gcomhchineál nó mar íocaíocht eile comhchineáil.

⁽¹⁾ Tá an t-aonad tomhais ar ioncam iomlán ó chánacha agus ó ranníocaíochtaí sóisialta bunaithe ar CCE i gcomhréir le Staidreamh ioncaim an ECFE, ach amháin i gcás creidmheasanna cánach iníoctha agus ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha a tháirgeadh. Tá taifeadh cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta i CCE i gcomhréir freisin le tíolacadh staidrimh airgeadais rialtais an CAI, cé go bhfuil roinnt difríochtaí ann ó thaobh miondealaithe de.

20.84 I staidreamh airgeadais an rialtais atá bunaithe ar CCE, déantar ioncam ó dhíolacháin a thaifeadh ó dhearcadh an aschuir de: níl sé éagsúil le haschur, ach bíonn difríocht ann idir dhíolacháin iarbhrí le custaiméirí de réir athruithe ar fhardail. Is dócháil mar sin féin gur beag na hathruithe sin ar fhardail i gcás aonad rialtais agus táirgeoirí neamh-mhargaidh eile, atá i mbun táirgeadh seirbhísí seachas táirgeadh earraí den chuid is mó. Déantar díolacháin a luacháil ag na bunphraghsanna.

Bosca 20.1 — Ó chreat lárnach CCE go hidirbhearta agus comhiomláin SAR

Acmhainní CCE		Ioncam SAR- CCE
P.1	Aschur, ar de sin	
	Aschur margaidh (P.11)	Díolacháin earraí agus seirbhísí
	Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse (P.12)	Díolacháin earraí agus seirbhísí
	Aschur neamh-mhargaidh (P.13), ar de sin:	
	— Íocaíochtaí i leith aschuir neamh-mhargaidh (P.131)	Díolacháin earraí agus seirbhísí
	— Aschur neamh-mhargaidh eile (P.132)	Nach bhfuil curtha san áireamh in ioncam iomlán
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (infhála)	Cánacha iomlána
D.3	Fóirdheontais (infhála)	Ioncam reatha eile
D.4	Ioncam ó mhaoín	Ioncam reatha eile
D.5	Cánacha reatha ar ioncam agus ar rachmas	Cánacha iomlána
D.61	Ranníocaíochtaí sóisialta	Ranníocaíochtaí sóisialta iomlána
D.7	Aistrithe reatha eile	Ioncam reatha eile
D.91r	Cánacha caipitil (infhála)	Cánacha iomlána
D.92r	Deontais infheistíochta (infhála)	Ioncam eile ó chaipitil
D.99r	Aistrithe caipitil eile (infhála)	Ioncam eile ó chaipitil
Úsáidí CCE agus idirbhearta caipitil		Caiteachas SAR- CCE
P.2	Tomhaltas idirmheánach	Tomhaltas idirmheánach
D.1	Cúiteamh d'fhostaithe	Cúiteamh d'fhostaithe
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (iníochta)	Caiteachas reatha eile
D.3	Fóirdheontais (iníochta)	Fóirdheontais
D.41	Ús	Ús
D.4	Ioncam ó mhaoín (seachas D.41)	Caiteachas reatha eile
D.5	Cánacha reatha ar ioncam	Caiteachas reatha eile
D.62	Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil	Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil
D.632	Aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh	Aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh
D.7	Aistrithe reatha eile	Caiteachas reatha eile
D.8	Coigeartú i leith an athraithe i dteidíochtaí pinsean	Caiteachas reatha eile
P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair (aschur margaidh)	Aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh

	Úsáidí CCE agus idirbhearta caipitil	Caiteachas SAR- CCE
P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair (aschur neamh-margaidh)	Nach bhfuil curtha san áireamh i gcaiteachas iomlán
P.32	Caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann	Nach bhfuil curtha san áireamh i gcaiteachas iomlán
P.5	Ollfhoirmiú caipitil	Caiteachas caipitiúil
NP	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe	Caiteachas caipitiúil
D.92p	Deontais infheistíochta (iníochta)	Caiteachas caipitiúil
D.99p	Aistrithe eile caipitil (iníochta)	Caiteachas caipitiúil

I gcreat lárnach CCE, is glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9) ítim chomhardaithe an chuntais chaipitil. Is ionann ítim chomhardaithe an rialtais ghinearálta i dtíolacadh SAR- CCE, agus glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9). Mínítear an chúis atá leis sin sa bhosca thíos.

Creat lárnach CCE

Is é an chéad chuntas an cuntas táirgeachta, agus mar sin is é an chéad acmhainn atá ag earnáil institiúideach i CCE ná a haschur. Ós rud é nach ndíoltar formhór na seirbhísí arna soláthar ag an rialtas ar phraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de agus gur seirbhísí neamh-mhargaidh iad dá bharr sin, déantar aschur an rialtais a thomhas, de réir an ghnáis, mar shuim na gcostas táirgthe.

Ar an gcaoi chéanna, déantar caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach comhchoiteann, arb é atá ann seirbhísí arna soláthar ag an rialtas don phobal amhail seirbhísí ginearálta, cosaint, sábháilteacht agus ord poiblí, a thomhas mar shuim na gcostas táirgthe. Is ionann caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann (P.32) agus tomhaltas críochnaitheach iarbhír (P.4) an rialtais de réir gnáis freisin.

Maidir le caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach aonair na dteaghlach arna soláthar go díreach ag an rialtas ar bhonn neamh-mhargaidh, tomhastar é de réir a chostas táirgthe.

Mar thoradh air sin, is féidir dhá chineál sreafaí a áireamh mar “shreafaí barúlacha” i gcuntais an rialtais i CCE:

- (1) ar thaobh na n-acmhainní, an t-aschur neamh-mhargaidh, eile (P.132), a dhéantar a thairgeadh sa chuntas táirgeachta;
- (2) ar thaobh na n-úsáidí, an tomhaltas críochnaitheach iarbhír (P.4) agus na haistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh neamh-mhargaidh (D.631). Déantar iad sin a thairgeadh sa chuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil, agus sa chuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe.

Is ionann gach sreabhadh barúlach agus suim na sreafaí iarbhír: na costais táirgthe. Tá an dá chineál sreafaí barúlacha seo, ceann ar thaobh na sócmhainní agus ceann ar thaobh na n-úsáidí, ar comhardú i seicheamh na gcuntais i CCE.

Tíolacadh staidrimh SAR - CCE

Déantar na catagóirí bunúsacha céanna a úsáid sa tíolacadh SAR- CCE, ach ar bhonn sreafaí airgeadaíochta iarbhír den chuid is mó, chun ioncam iomlán agus caiteachas iomlán an rialtais a fháil. Ní chuirtear ach rogha sreafaí barúlacha san áireamh: ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha agus aistrithe caipitil comhchineáil.

Nuair a dhéantar an t-aschur neamh-mhargaidh (P.132) a dhíchur ó thaobh na n-acmhainní chun ioncam iomlán a fháil, agus tomhaltas críochnaitheach iarbhír (P.4 = P.32) agus na haistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh neamh-mhargaidh (D.631) a dhíchur ó thaobh na n-úsáidí chun caiteachas iomlán a fháil, faightear an ítim chomhardaithe chéanna: glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9).

Ní thugtar cuntas ar aon aistrithe sóisialta comhchineáil i gcomhiomlán SAR “caiteachas iomlán an rialtais” ach na haistrithe sóisialta comhchineáil a sholáthraítear do theaghlach trí tháirgeoirí margaidh (D.632), agus iad sin amháin, toisc go bhfuil siad faoi réir íocaíochtaí réadacha na n-aonad rialtais. Suimítear na hidirbhearta sin le suim na gcostas táirgthe (cothrom le haschur neamh-mhargaidh, eile — P.132) chun caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach an rialtais ghinearálta a fháil.

$$P.3 = P.132 + D.632$$

Ioncam eile

- 20.85 Is éard atá in ioncam reatha eile ioncam ó mhaoín (D.4), fóirdheontais eile ar tháirgeadh (D.39) agus aistrithe reatha eile (D.7).
- 20.86 Is éard atá in ioncam ó mhaoín, ús (D.41), ioncam dáilte corparáidí (díbhinne agus aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí) (D.42) agus, níos annaimhe, tuilleamh athinfheistithe ar infheistíocht dhíreach eachtrach an rialtais (D.43), ioncam eile ó infheistíocht (D.44) agus cíós (D.45).
- 20.87 Áirítear ar aistrithe reatha eile (D.7) aistrithe laistigh den rialtas den chuid is mó. Ní foláir iad sin a chomhdhlúthú agus cuntais na hearnála ina hiomláine á leagan amach.
- 20.88 Is éard atá in ioncam caipitil eile deontais infheistíochta (D.92) agus aistrithe caipitil eile (D.99) a fhaightear ó aonaid eile, ó aonaid rialtais eile den chuid is mó (cé go bhféadfaí ceapadh go bhfuil comhdhlúthú, nach mór a dhéanamh agus staidreamh á thíolacadh, tar éis méid na n-aonad a laghdú) agus ó institiúidí an AE, ach ó aonaid éagsúla freisin, lena léirítear idirbhearta amhail aisíoc arna dhéanamh ag féichiúnaí tar éis gníomhachtú ráthaíochta.
- 20.89 Ní catagóir de chuid CCE iad deontais, a shainmhíneáir uaireanta i gcórais staidrimh eile mar aistrithe seachas fóirdheontais a fhaigheann aonad rialtais amháin ó aonad rialtais eile nó ó eagraíocht idirnáisiúnta. Ba cheart suim na ndeontas a bheith cothrom le suim an ioncaim ón aistriú seo a leanas: D.73 + D.74 + D.92, mar aon le D.75 + D.99 i roinnt cásanna.
- 20.90 Ní áirítear mar fhóirdheontais a fhaigheann aonaid rialtais ach fóirdheontais eile ar tháirgeadh. Nuair a fhaigheann eintitis táirgthe de chuid rialtais ghinearálta fóirdheontais ar tháirgí, áirítear iad i luacháil an aschuir agus na ndíolachán ag na bunphraghsanna.

Caiteachas

- 20.91 Is éard atá in idirbheart caiteachais idirbheart a bhfuil tionchar diúltach aige ar ghlaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-). Cuimsíonn caiteachas iomlán caiteachas reatha agus caiteachas caipitiúil. Áirítear ar chaiteachas reatha costais a bhaineann le táirgeadh (cúiteamh d'fhostaithe agus tomhaltas idirmheánach); ioncam ó mhaoín iníochta (arb ús é den chuid is mó); agus íocaíochtaí aistrithe (amhail sochair shóisialta, deontais reatha do rialtais eile, agus aistrithe reatha eile ilghnéitheacha).
- 20.92 Déantar caiteachas iomlán an rialtais i dtreimhse chuntasaíochta a ríomh leis an gcothromóid seo a leanas, agus suimítear na hidirbhearta sin atá iníochta(a):

Caiteachas iomlán	=	tomhaltas idirmheánach	P.2
	+	cúiteamh d'fhostaithe	D.1
	+	ús	D.41
	+	sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil	D.62
	+	aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh	D.632
	+	fóirdheontais	D.3
	+	caiteachas reatha eile	D.29 + (D.4 - D.41) + D.5 + D.7 + D.8
	+	caiteachas caipitiúil	P.5 + NP + D.92 + D.99

Cúiteamh d'fhostaithe agus tomhaltas idirmheánach

- 20.93 Is costais táirgthe d'aonaid rialtais iad cúiteamh d'fhostaithe agus tomhaltas idirmheánach.
- 20.94 Áirítear ar chúiteamh d'fhostaithe (D.1) pá agus tuarastail (D.11) atá íochta mar aon le ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí (D.12), lena n-áirítear ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha, a mbreathnaítear orthu i CCE mar úsáidí teaghlach agus mar acmhainní an rialtais, agus nach bhfuil le comhdhlúthú dá bhrí sin. Déantar cúiteamh a thairgeadh ar bhonn fabhráithe, tráth déanta na hoibre, seachas tráth a bhfuil an pá dlite nó tráth a n-íoctar é. Áirítear ar phá bónais agus cnapshuimeanna eile (i ngeall ar riaráistí nó ar chonarthaí a athnuachan), atá íochta, agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair am an taifeadta ábhartha a chinneadh: nuair atá tréimhsí fada fostaíochta á gcur san áireamh, is minic gurb é an tráth a chinntear an bónas atá i gceist seachas an tréimhse atá an bónas in ainm a chlúdach.

- 20.95 Cuimsíonn tomhaltas idirmheánach (P.2) na hearraí agus na seirbhísí a thomhlaítear le linn na tréimhse cuntasafóichta sa phróiseas táirgthe. Tá sé éagsúil mar choincheap le ceannacháin, agus cineálacha éadálacha féideartha eile: taispeántar aon éadail i bhfardail sula mbaintear as é nuair a thomhlaítear é. D'fhéadfadh bunaíochtaí rialtais margaidh agus neamh-mhargaidh earraí agus seirbhísí a fháil chomh maith.
- 20.96 Is follasach am taifeadta an tomhaltais idirmheánaigh, mar choincheap: an tráth a ídítear an táirge sa phróiseas táirgthe. Is ionann mar choincheap am taifeadta na gceannachán agus na n-éadálacha eile agus an t-am a sheachadtar iad, ach d'fhéadfadh sé a bheith deacair tráth an tseachadta a aimsiú i gcásanna áirithe.

Caiteachas ar shochair shóisialta

- 20.97 Cuimsíonn caiteachas ar sochair shóisialta sochair shóisialta seachas aistriithe sóisialta comhchineáil (D.62), ar a uain, arb iad íocaíochtaí airgid den chuid is mó, agus aistriithe sóisialta comhchineáil a sholáthraítear do theaghligh trí tháirgeoirí margaidh (D.632). Is ionann aistriithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh agus earraí agus seirbhísí arna maoiniú ag caiteachas rialtais a sholáthraíonn táirgeoirí margaidh do theaghligh. Baineann samplaí tipiciúla le cúram sláinte, agus earraí agus seirbhísí a sholáthraíonn dochtúirí agus cógaiseoirí, arna maoiniú ag aonaid rialtais, i gcomhthéacs scéimeanna slándála sóisialta nó cláir chúnaimh shóisialta.
- 20.98 Ní dhéantar aistriithe sóisialta comhchineáil a sholáthraíonn táirgeoirí neamh-mhargaidh rialtais do theaghligh a áireamh sa chaiteachas ar shochair shóisialta. Is minic a tháirgeann rialtais seirbhísí agus earraí a dháileann siad ansin saor in aisce nó ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de. Chun dúbailt a sheachaint sa tíolacadh SAR, ní dhéantar costais táirgthe ábhartha na n-earraí agus seirbhísí seo a thaifeadadh mar chaiteachas ach uair amháin — tomhaltas idirmheánach, cúiteamh d'fhostaithe, cánacha eile ar tháirgeadh — agus mar ioncam — fóirdheontais eile ar tháirgeadh. I seicheamh na gcuntas i CCE, déantar na costais sin a chomhardú trí acmhainn faoi aschur neamh-mhargaidh, agus déantar iad a thaifeadadh arís mar úsáid faoi chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3) agus iad le dáileadh mar aistriithe sóisialta comhchineáil. D'fhéadfadh sé a bheith ábhartha, chun críoch anailiseach, comhiomlán níos leithne a ríomh maidir le haistriithe sóisialta chun na costais sin a áireamh: sochar sóisialta in airgead tirim (D.62) móide aistriithe sóisialta comhchineáil (D.63).
- 20.99 I CCE, fiú nuair a mheastar gur leachtú dliteanas rialtais iad sochair scoir arna n-íoc le fostaithe rialtais (féach an roinn “Saincheisteanna cuntasafóichta a bhaineann leis an rialtas ginearálta”), déantar iad a thaifeadadh mar íocaíocht caiteachais reatha chomh maith agus áirítear na ranníocaíochtaí gaolmhara mar ioncam. Nuair a chistítear an scéim, áfach, measfar ranníocaíochtaí agus sochair den sórt sin mar mhaoiniú, agus mar sin déantar coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin (D.8) a chur le caiteachas: is ionann é agus ranníocaíochtaí sóisialta a fhaightear mar phinsin nó mar shochair scoir eile lúide sochair shóisialta a íoctar ar phinsin nó ar shochair phinsin eile i gcás scéimeanna a n-aithnítear a n-oibleagáidí mar dhliteanas.

Ús

- 20.100 Áirítear ar chaiteachas úis an méid a dhlitear trí dhliteanas a thabhtú, go háirithe ar iasachtaí, billí, nótaí agus bannaí, chomh maith le dliteanas taiscí nó ionstraimí eile ar dliteanas rialtais iad. Déantar ús a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe (féach an roinn “Saincheisteanna cuntasafóichta a bhaineann leis an rialtas ginearálta”).
- 20.101 Déantar caiteachas úis a choigeartú i leith FISIM i staidreamh airgeadais an rialtais bunaithe ar CCE. Déantar ús a íoctar le hinstiúidí airgeadais i leith iasachtaí agus taiscí a roinnt i gcomhpháirt seirbhíse, a thaifeadtar mar thomhaltas idirmheánach, agus i gcomhpháirt ioncaim ó mhaoin a thaifeadtar mar ús atá íoctha. Is é an dála céanna é i gcás ioncam úis an rialtais a íocann instiúidí airgeadais ar thaiscí nó ar iasachtaí.

Caiteachas reatha eile

- 20.102 Cuimsíonn caiteachas reatha eile cánacha eile ar tháirgeadh (D.29), ioncam ó mhaoin seachas ús (D.4 – D.41), cánacha reatha ar ioncam agus rachmas etc. (D.5), aistriithe reatha eile (D.7) agus coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin (D.8).
- 20.103 Cé go ndéantar cánacha eile ar tháirgeadh a íocann aonaid rialtais a thaifeadadh mar chaiteachas rialtais, ní dhéantar cánacha ar tháirgí a thaispeántar ar leithligh mar chaiteachas rialtais. Tá sé seo amhlaidh toisc, ar thaobh amháin, nach dtaispeántar na cánacha sin faoina n-úsáidí mar nach acmhainn le haghaidh táirgeoirí margaidh an rialtais, a ndéantar a n-aschur a luacháil ag na bunphraghsanna, na cánacha sin agus toisc, ar an taobh eile, go gcuimsítear cánacha ar tháirgí a thaifeadtar faoi thomhaltas idirmheánach an rialtais sa luacháil ag praghsanna na gceannaitheoirí.

Caiteachas caipitiúil

- 20.104 Cuimsíonn caiteachas caipitiúil aistriithe caipitil, i bhfoirm deontas infheistíochta (D.92) agus aistriithe caipitil eile (D.99), chomh maith le caiteachas infheistíochta: Ollfhoirmiú caipitil (P.5, arb é atá ann ollfhoirmiú caipitil sheasta — P.51g, móide athruithe ar fhardail — P.52, agus éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara — P.53); agus éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (NP). Ní dhéantar diúscairtí sócmhainní neamhairgeadais, amhail foirgnimh, a thaifeadadh mar ioncam, ach mar chaiteachas caipitiúil diúltach, rud a chuireann faoi deara an glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9) a bheith níos deimhní.

Nasc le caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach an rialtais (P.3)

- 20.105 Tá sé tábhachtach nasc a dhéanamh idir caiteachas iomlán an rialtais agus a chomhpháirteanna i gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3) i gcás úsáideoirí staidrimh fhioscaigh agus staidrimh mhaicreacnamaíoch eile.
- 20.106 Is ionann caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach a dhéanann an rialtas ginearálta agus iomlán a aschuir (P.1), móide an caiteachas ar tháirgí a sholáthraítear do theaghlaigh trí tháirgeoirí margaidh (i.e. aistrithe sóisialta comhchineáil — D.632), lúide díolacháin earraí agus seirbhísí (P.11 + P.12 + P.131).
- 20.107 Tá aschur an rialtais — aschur margaidh, foirmiú caipitil ar bhonn féinchuntais agus aschur neamh-mhargaidh — cothrom le suim na gcostas táirgthe ar an rialtas (cúiteamh d'fhostaithe, tomhaltas idirmheánach, ídiú an chaipitil sheasta, agus cánacha ar tháirgeadh atá íoctha glan ó fhóirdheontais ar tháirgeadh a fuarthas), móide an glanbharrachas oibriúcháin (B.2n) a ghineann bunáidíochtaí margaidh an rialtais.
- 20.108 Ar an gcaoi sin, léirítear sa léaráid seo a leanas caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach ag úsáid ítimí roghnaithe de chaiteachas agus ioncam rialtais, chomh maith leis an nglanbharrachas oibriúcháin (B.2n):

	cúiteamh d'fhostaithe (D.1)
<i>móide</i>	tomhaltas idirmheánach (P.2)
<i>móide</i>	ídiú an chaipitil sheasta (P.51c1)
<i>móide</i>	cánacha eile ar tháirgeadh, iníoctha (D.29 U)
<i>lúide</i>	fóirdheontais eile ar tháirgeadh, infhála (D.39 R)
<i>móide</i>	barrachas oibriúcháin, glan (B.2n)
cothrom le	aschur (P.1)

agus:

	aschur
<i>lúide</i>	díolacháin earraí agus seirbhísí (P.11 + P.12 + P.131)
<i>móide</i>	aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh (D.632)
cothrom le	caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3)

Caiteachas rialtais de réir feidhme (COFOG)

- 20.109 Is cuid dhílis den tíolacadh ar airgeadas rialtais é idirbhearta caiteachais a aicmiú ag úsáid Aicmiú Fheidhmeanna an Rialtais (COFOG): is ionstraim anailíseach ríthábhachtach é maidir le caiteachas rialtais, go háirithe ó thaobh comparáidí idirnáisiúnta. San aicmiú seo léirítear an cuspóir lena ndéantar na hidirbhearta caiteachais. D'fhéadfadh sé go mbeadh difear mór idir cuspóirí den sórt sin agus socrúithe riaracháin na rialtas, mar shampla d'fhéadfadh aonad riaracháin atá freagrach as seirbhísí sláinte gníomhaíochtaí a dhéanamh chun críche oideachais, amhail oiliúint a chur ar ghairmithe míochaine. Iarrtar tras-thíolacadh ar idirbhearta rialtais de réir nádúir eacnamaíoch (gnáthaicmiú CEC) agus de réir feidhme.
- 20.110 In aicmiú COFOG déantar cur síos ar chaiteachas rialtais de réir deich mórfheidhm atá leagtha amach thíos, agus de réir dhá leibhéal bhreise de mhiondealú níos mionsonraithe nach léirítear anseo. Mar shampla, tá gá leis an dara leibhéal chun faisnéis faoi chaiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt a sholáthar, chomh maith le faisnéis a sholáthar faoi chaiteachas rialtais tiomnaithe do rioscaí agus do riachtanais shóisialta na cosanta sóisialta.
- 20.111 Tá aicmiú COFOG comhsheasmhach leis an idirdhealú a dhéantar idir seirbhísí comhchoiteanna neamh-mhargaidh agus seirbhísí aonair neamh-mhargaidh a sholáthraíonn an rialtas: freagraíonn na chéad sé feidhm do sheirbhísí comhchoiteanna, chomh maith le roinnt codanna teoranta de na cinn eile. Ar an gcaoi seo, is féidir caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach comhchoiteann an rialtais a ríomh. Tá comhiomlán an chaiteachais iomláin agus na hidirbhearta caiteachais arna miondealú de réir feidhme ag luí leis na cinn i staidreamh airgeadais an rialtais i CCE. Dá bhrí sin, ní chuimsíonn sé aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh neamh-mhargaidh (D.631), ar tugadh cuntas orthu cheana faoi chostais táirgthe an rialtais.

Tábla 20.1 — COFOG, deich bhfeidhm an rialtais

Cód	Feidhm	Cineál seirbhíse
01	Seirbhísí ginearálta poiblí	Comhchoiteann
02	Cosaint	Comhchoiteann
03	Ord poiblí agus sábháilteacht	Comhchoiteann
04	Gnóthaí eacnamaíocha	Comhchoiteann
05	Cosaint an chomhshaoil	Comhchoiteann
06	Tithíocht agus taitneamhachtaí pobail	Comhchoiteann
07	Sláinte	Aonair den chuid is mó
08	Caitheamh aimsire, cultúr agus reiligiún	Comhchoiteann den chuid is mó
09	Oideachas	Aonair den chuid is mó
10	Cosaint shóisialta	Aonair den chuid is mó

Ítimí comhardaithe

Glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9)

- 20.112 Is ionann an difríocht idir ioncam iomlán agus caiteachas iomlán agus glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-) (B.9). Tá sé cothrom leis an ítim chomhardaithe sa chuntas caipitil (B.9N) i gcuntais CCE. Seasann sé don tsuim atá ar fáil don rialtas lena hiasachtú nó an tsuim nach mór don rialtas a fháil ar iasacht lena chuid oibríochtaí neamhairgeadais a mhaoiniú.
- 20.113 Is ionann glaniasachtú (+)/glaniasachtaíocht (-) agus ítim chomhardaithe an chuntais airgeadais freisin (B.9F sa chreat lárnach). Ó thaobh coincheap de, is ionann é agus an ítim chomhardaithe sa chuntas caipitil, cé gur féidir go dtarlódh neamhréireacht staidrimh sa chleachtas.
- 20.114 Saghas aicearra ó thaobh téarmaíochta atá sa téarma “glaniasachtú/glaniasachtaíocht”. Nuair atá an athróg i bhfoirm dheimhneach (rud a chiallaíonn go léirítear inniúlacht mhaoiniúcháin), ba cheart glaniasachtú a thabhairt uirthi (+); nuair atá sí diúltach (rud a chiallaíonn go léirítear gá le hiasachtaíocht), ba cheart glaniasachtaíocht a thabhairt uirthi (-).

Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil (B.101)

- 20.115 Is ionann an difríocht idir na hidirbhearta go léir a bhfuil tionchar acu ar ghlanfhiúchas le linn na tréimhse cuntasaíochta agus an ítim chomhardaithe: athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil (B.101).
- 20.116 Tá na hathruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil áisiúil chun cuntais agus beartais rialtais a thomhas, toisc go bhfuil siad in ionannas leis na hacmhainní a fuarthas nó a ídíodh in oibríochtaí reatha an rialtais.
- 20.117 Tá na hathruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil cothrom le glaniasachtú/glaniasachtaíocht móide glanéadálacha sócmhainní neamhairgeadais (P5 + NP) lúide ídiú an chaipitil sheasta (P.51c1).

	Glanchoigilt móide aistrithe caipitil (B.101)
<i>lúide</i>	éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhairgeadais (P.5 + NP)
<i>móide</i>	ídiú an chaipitil sheasta (P.51c1)
cothrom le	glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9)
cothrom le	idirbhearta sócmhainní airgeadais lúide dliteanais (Maoiniú)

Maoiniú

- 20.118 I gcuntas airgeadais an rialtais in SAR taifeadtar na hidirbhearta sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais mar a thuiriscítear i gCaibidil 5.

Idirbhearta sócmhainní

- 20.119 Léiríonn airgeadra agus taiscí (F.2) gluaiseachtaí i dtaiscí rialtais i mbainc den chuid is mó, go háirithe i mbainc cheannais, a d'fhéadfadh luainiú go mór ó thréimhse amháin go dtí thréimhse eile, go háirithe i ngeall ar oibríochtaí an státchiste. Tá taiscí substaintiúla i gcuntais bhainc i seilbh aonad rialtais eile amhail an rialtas áitiúil agus cistí slándála sóisialta chomh maith.
- 20.120 Léiríonn urrúis fiachais (F.3) den chuid is mó glancheannacháin billí, nótaí nó bannaí arna n-eisiúint ag bainc, corparáidí neamhairgeadais, nó neamhchónaitheigh lena n-áirítear rialtais eachtracha, a dhéanann roinnt cistí slándála sóisialta ar mhórán sócmhainní nó cúlchistí eile den chuid is mó. Tuairiscítear ceannacháin bannaí de chuid an rialtais arna n-eisiúint ag aonaid rialtais chónaitheacha eile faoin gceannteideal seo i dtíolacadh neamhchomhdhlúite, ach eisiatar ón gceannteideal seo iad i dtíolacadh comhdhlúite agus tuairiscítear iad mar fhuascailt fiachais mar mhalairt air sin.
- 20.121 Áirítear le hiasachtaí (F.4), sa bhreis ar iasachtaí d'aonaid rialtais eile, iasachtú le rialtais eachtracha, le corparáidí poiblí agus le mic léinn. Léirítear cealuithe iasachta anseo freisin agus iontráil chontrapháirte faoi chaiteachas ar aistrithe caipitil. Maidir le hiasachtaí a thugann an rialtas ach nach dóchúil go n-íocfar ar ais iad, taifeadtar iad i CCE mar aistrithe caipitil, agus ní thuairiscítear anseo iad.
- 20.122 Déantar éadálacha lúide cothromas a dhiúsraíonn aonaid rialtais i gcorparáidí a thaispeáint i gcothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta (F.5). D'fhéadfaidís instealltaí cothromais i gcorparáidí poiblí nó infheistíochtaí punainne, fáiltais ó phríobháidíú nó sárdhíbhinní a léiriú. Is éard atá iontu den chuid is mó:
- (a) instealltaí cothromais (i bhfoirm airgid go ginearálta) i gcorparáidí poiblí ar leith ina ngníomhaíonn an rialtas mar infheisteoir agus é ag súil le toradh ar na cistí a infheistíodh. Ní bhreathnaítear ar instealltaí den sórt sin mar chaiteachas rialtais sna cuntais náisiúnta;
 - (b) infheistíochtaí punainne, i bhfoirm ceannachán scaireanna luaite ar an margadh, arna ndéanamh ag roinnt aonad rialtais amhail cistí slándála sóisialta ar mhórán sócmhainní, nó oibríochtaí infheistíochta punainne eile;
 - (c) glan-infheistíocht i gcistí frithpháirteacha, ar meáin infheistíochta mhalartacha iad. Taifeadtar suimeanna a chuirtear i gcistí frithpháirteacha an mhargaidh airgid anseo, seachas faoi airgeadra agus taiscí, in ainneoin gur dlúthionadaithe ar thaiscí bainc iad;
 - (d) príobháidíú a dhéanann gníomhaireachtaí speisialta um príobháidíú, toisc go n-aicmítear eintitis den sórt sin laistigh den rialtas ginearálta;
 - (e) dáileacháin a dhéanann corparáidí poiblí ar a n-úinéirí ar mó ná a mbrabús oibriúcháin iad, gan gnóthachain/caillteanais sealúchais a áireamh, a thaifeadtar mar idirbhearta airgeadais i bhfoirm aistarraingt cothromais ar comhaicmeach é le páirtleachtú an ghnóthais, seachas mar ioncam rialtais.
- 20.123 Sna hidirbhearta i gcuntais eile infhála (F.8), taispeántar tionchar an phrionsabail um fhabhrúis infheidhme i CCE, is é sin idirbhearta a thaifeadadh tráth na hoibleagáide an tsuim a íoc, seachas tráth na híocaíochta iarbhír, cé go bhfuil cuntais phoiblí nó taifeadtaí buiséid bunaithe ar airgead tirim le fada an lá i bhformhór na dtíortha. Ní eascraíonn an tionchar ar riachtanais mhaoinithe an rialtais díreach as an easnamh, toisc gur féidir ioncam rialtais a bhriseadh, nó caiteachas rialtais a ghlanadh, i dtréimhsí cuntasáíochta atá difriúil leis an idirbheart eacnamaíoch féin. I measc na suimeanna infhála eile tá cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta infhála mar aon le suimeanna a bhaineann le hidirbhearta an AE (suimeanna a d'íoc an rialtas thar ceann an AE ach nár chúitigh an AE fós), creidmheasanna trádála nó airleacain chun críocha caiteachais, amhail trealamh míleata nó pá nó sochair a íocadh mí roimh ré, rud nach dtarlaíonn go minic etc. Is sócmhainní sealadacha sócmhainní den sórt sin ó thaobh coincheap de, agus go n-imíonn siad de riachtanas ceann ar cheann tar éis tamaill, bíonn meán os cionn neamhní go minic ag an sreabhadh tuairiscithe d'earnáil, cosúil leis an rialtas ginearálta, fiú thar thréimhse ama, toisc gur iondúil go méadaíonn an stoc de shuimeanna infhála le himeacht ama i gcomhréir leis an gcuid eile den gheilleagar.
- 20.124 I bhformhór na dtíortha, bainistíonn an banc ceannais ór airgeadaíochta agus cearta tarraingthe speisialta. Nuair a bhainistíonn an rialtas iad, taifeadtar iad i gcuntas airgeadais an rialtais.
- 20.125 Déantar idirbhearta airgeadais a thaifeadadh ag luachanna na n-idirbheart, is é sin le rá, na luachanna in airgeadraí náisiúnta ar a ndéantar na sócmhainní airgeadais agus/nó na dliteanais lena mbaineann a chruthú, a leachtú, a mhalartú nó a ghlacadh idir aonaid institiúideacha, ar bhonn comaoineacha tráchtála amháin.

- 20.126 Baineann an luach idirbhirt le hidirbheart airgeadais sonracha agus lena hidirbheart contrapháirte. Ó thaobh coinceap de, tá an luach idirbhirt le hidirdhealú ó luach bunaithe ar phraghas atá luaite sa mhargadh, ar phraghas margaidh cóir, nó ar aon phraghas atá ceaptha le coitiantacht na bpraghsanna a chur in iúl maidir le haicme sócmhainní airgeadais agus/nó dliteanas airgeadais atá cosúil le chéile nó fiú comhionann le chéile. Is é an luach atá le tuairisciú sna cuntais airgeadais i leith iasachta a díoladh ar an margadh tánaisteach an luach ar ar díoladh an iasacht, seachas a luach ainmniúil, agus cuirtear an réiteach leis an comhardú isteach sa chuntas athruithe eile ar na sócmhainní.
- 20.127 I gcásanna, áfach, inarb ionann idirbheart contrapháirte an idirbhirt airgeadais agus, mar shampla, aistriú, agus go ndéantar an t-idirbheart airgeadais ar chúiseanna seachas comaoineacha tráchtála amháin, déantar luach an idirbhirt a shainiú le margadhluach reatha na sócmhainní airgeadais agus/nó na ndliteanas airgeadais lena mbaineann. Mar sin déantar iasacht a cheannaigh rialtas ar a luach ainmniúil, seachas ar a luach cóir nó ar a luach díscríofa, a dheighilt idir iontráil mar iasacht ag an luach cóir sna cuntais airgeadais agus aistriú caipitil, mar aitheantas ar aistriú rachmais ón rialtas.
- 20.128 Ní chuimsíonn an luach idirbhirt muirir seirbhíse, táillí, coimisiúin, agus íocaíochtaí dá samhail i leith seirbhísí a soláthraíodh agus na hidirbhearta á ndéanamh; déantar ítimí den sórt sin a thairbhí mar íocaíochtaí i leith seirbhísí. Eisiatar cánacha ar idirbhearta airgeadais freisin agus láimhseáiltear iad mar chánacha ar sheirbhísí laistigh de chánacha ar tháirgí. Nuair atá eisiúint nua dliteanas i gceist le hidirbheart airgeadais, is ionann luach an idirbhirt agus suim an dliteanas a tabhaíodh go heisiatach ó aon ús réamhíochta. Ar an dul céanna, nuair a mhúchtar dliteanas, ní foláir do luach an idirbhirt don chreidiúnaí agus don fhéichiúnaí comhfhreagairt don laghdú ar an dliteanas.

Idirbhearta dliteanas

- 20.129 Tairbhí idirbhearta dliteanas ag an luach ar a ndéantar na dliteanas a eisiúint nó a fhuascailt. D'fhéadfadh sé nach é an luach ainmniúil é an luach sin. Áirítear le hidirbheart dliteanas an tionchar a bhíonn ag an ús a fhabhraítear.
- 20.130 Déantar athcheannach dliteanas ag aonad a thairbhí mar fhuascailt dliteanas seachas mar éadálacha sócmhainní. Mar an gcéanna, ag leibhéal fo-earnála nó leibhéal earnála, déantar dliteanas arna eisiúint ag aonad eile de chuid na fo-earnála lena mbaineann, agus a cheannaíonn aonad rialtais, a thíolacadh sa tíolacadh comhdhlúite mar fhuascailt dliteanas ag an bhfo-earnáil sin.
- 20.131 Tá sé intuigthe i léasú airgeadais agus i gconarthaí comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, nuair atá an tsócmhainn ar chlár comhardaithe an rialtais, go bhfuil fiachas an ráthóra nó an léasaí á shainiú. Ní ionann íocaíochtaí ar na léasanna sin ná íocaíochtaí ar chonarthaí comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus caiteachas i gcás na suimeanna iomlána, ach is seirbhísí ar fhiachas iad: fuascailt iasachta agus caiteachas úis.
- 20.132 Tá maoiniú a dhéantar a thíolacadh mar chreidmheasanna trádála fadtéarmacha nó mar shocruithe maidir leis na cuntais infhála/jiníochta le haicmiú mar iasachtaí, toisc go soláthraítear maoiniú fadtéarmach chun tairbhí an pháirtí iasachtaíochta nach ionann é agus saoráid státchiste a sholáthraíonn díoltóirí do cheannaitheoirí go minic le creidmheas trádála gearrthéarmach. Agus aibíocht na hoibleagáide íocaíochta a dhéanamh á síneadh go mór, gabhann an cruthaitheoir ról airgeadais chuige féin atá deighilte óna ghníomhaíocht eile mar tháirgeoir.
- 20.133 Déantar cnapshuimeanna a dhéantar a mhalartú tráth an tionscanta ar bhabhtálacha lasmuigh den mhargadh a aicmiú mar iasachtaí (AF.4) nuair is é an rialtas a fhaigheann an cnapshuim. Tá babhtálacha lasmuigh den mhargadh le deighilt sa chlár comhardaithe i gcomhpháirt iasachta agus i gcomhpháirt rialta bhabhtála "ag-airgead".
- 20.134 Ar nós suimeanna infhála, léiríonn idirbhearta i gcuntais eile iníochta tionchar ama an phrionsabail um fhabhrú, ach ar thaobh na ndliteanas: nuair a tabhaíodh caiteachas ach nár íocadh fós é, nó nuair a rinneadh íocaíochtaí roimh an ioncam a thairbhí. De bhreis ar chreidmheas trádála, nuair is creidmheas gearrthéarmach é, áirítear ar shuimeanna infhála, suimeanna a fuarthas ón AE ach nár íoc an rialtas amach leis an tairbhí deiridh fós, réamhíocaíochtaí i gcánacha nó aisiocaíochtaí cánach nár íocadh amach fós.

Sreafaí eacnamaíochta eile

- 20.135 Tá an cuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní agus an cuntas athluachála den SAR- CCE comhionann leis na cuntais a ndéantar cur síos orthu i gCaibidil 6. Déantar gach athrú ar shócmhainní agus ar dliteanas a eascraíonn as teagmhais nach idirbhirt eacnamaíochta iad a thairbhí i gceann amháin de na cuntais seo.

Cuntas athluachála

- 20.136 Tá na hathluachálacha díreach mar a thuairiscítear iad i gCaibidil 6. Is dóchúil go mbeidh tábhacht faoi leith ag baint le haon fhaisnéis ábhartha bhreise mar ítimí le meabhrú, mar shampla, athluachálacha ar chothromas corparáidí poiblí atá i seilbh aonad rialtais, agus ag an am céanna is dócha go mbeidh sé deacair iad a thomhas toisc nach dóchúil go mbeidh aon phraghsanna margaidh ann.

20.137 I CCE, is ag an margadhluach a bhíonn na hiontrálacha sa chlár comhardaithe go hidéalach, seachas i gcás ionstraimhe sonraí amháin nó dhó, cuireann gluaiseachtaí i rátaí úis a léirítear in innéacsanna an stocmhargaidh athruithe suntasacha faoi deara ar luach an stoic agus ar ghlanfhiúchas na n-aonad institiúideach chomh maith. Ní hionann na hathruithe sin agus ioncam i CCE, agus mar sin ní ioncam ná caiteachas rialtais iad, agus ní dhéanann siad difear d'easnamh/barrachas an rialtais. Taifeadtar na hathruithe sa chuntas athluachála, rud a chruthaíonn athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain ainmniúla/caillteanais ainmniúla sealúchais (B.103). Imríonn athluachálacha tionchar suntasach ar na hathruithe ar ghlanfhiúchas airgeadais an rialtais le linn tréimhse cuntasaíochta. Seo a leanas príomhfhoinsí na n-athluachálacha a dhéanann difear do ghlanfhiúchas airgeadais, seachas an tionchar a imríonn sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha:

- (a) sócmhainní eastáit réadaigh an rialtais;
- (b) cothromas an rialtais;
- (c) dliteanais slándála.

20.138 Nuair a mheastar gur aistriú caipitil é instealladh caipitil ón rialtas i gcorparáid phoiblí, méadóidh luacháil cothromais an rialtais sa chuideachta is tairbhí tríd is tríd, trí iontrálacha sa chuntas athluachála seachas sa chuntas airgeadais.

20.139 Nuair a dhíoltar creidmheas iasachta nó trádála atá ann cheana féin le haonad institiúideach eile déantar an difríocht idir an praghas fuascaithe agus praghas an idirbhirt a thaifeadadh i gcuntas athluachála an díoltóra agus an cheannaitheora tráth an idirbhirt.

Cuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní

20.140 Sna cuntais athruithe eile ar mhéid na sócmhainní áirítear sreafaí nach idirbhearta eacnamaíoch ná athluachálacha iad. Taispeántar iontu mar shampla an tionchar a bhíonn ag an athrú ar aicmiú earnála na n-aonad.

20.141 Ní idirbhearta iad díscríobh iasachta nuair nach léiríonn sé cealú fiachais le comhaontú déthaobhach, bíodh sé intuigthe nó sainráite, agus déantar iad a thaifeadadh sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní, agus gan aon tionchar aige ar ghlaniasachtú/ghlaniasachtaíocht.

Cláir chomhardaithe

20.142 Úsáidtear an sainmhíniú céanna ar shócmhainn in SAR chuntais an rialtais ghinearálta agus a úsáidtear i gCaibidil 7. Is ionann aicmiú agus luach sócmhainní agus dliteanas i CCE agus in SAR bunaithe ar CCE.

20.143 Is féidir suim na ndliteanas a mheas mar stoc fiachais. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, go mbeadh difríocht idir an sainmhíniú ar fhiachas an rialtais i gcomhthéacs an fhaireachais ar chúrsaí fioscacha agus stoc iomlán na ndliteanas i CCE agus in SAR, i dtéarmaí raon na ndliteanas ar a dtugtar cuntas agus i dtéarmaí luachála araon.

20.144 Baineann roinnt sócmhainní go sonrath leis an rialtas: sócmhainní oidhreachta, amháil séadchomharthaí stairiúla; sócmhainní bonneagair, amháil bóithre agus saoráidí cumarsáide; agus bunanna cothromais i gcorparáidí poiblí nach bhfuil coibhéis phríobháideach díobh ann.

20.145 Ar thaobh na ndliteanas, ní thaifeadfar dliteanas cothromais (AF.5) i gcás aonad rialtais go hiondúil. Ar leibhéal níos comhionannaithe na bhfo-earnálacha rialtais, áfach, d'fhéadfadh dliteanas cothromais taispeáint má tá na heintitis aicmithe laistigh d'earnáil an rialtais ghinearálta, mar thoradh ar an tástáil mhargaidh/neamh-mhargaidh.

20.146 Is ionann glanfhiúchas agus ítim chomhardaithe (B.90) an chlár chomhardaithe:

Glanfhiúchas	=	Sócmhainní iomlána
		lúide
		Dlitéanais iomlána

20.147 Is ionann cistí dílse agus suim an ghlanfhiúchais (B.90) agus an chothromais (AF.5) a eisíodh. i CCE, dá bhrí sin, déantar cistí dílse na n-aonad a shainmhíniú mar shócmhainní lúide dliteanas, gan dliteanais chothromais a áireamh, agus déantar glanfhiúchas a shainmhíniú mar shócmhainní lúide dliteanas, lena n-áirítear dliteanais chothromais. Ní hionann glanfhiúchas CCE agus cothromas scairshealbhóirí nó glanfhiúchas sa chuntasaíocht ghnó. Tá an glanfhiúchas sa chuntasaíocht ghnó níos cosúla ó thaobh coincheap de le cistí dílse CCE.

- 20.148 Murar féidir glanhiúchas (B.90) earnáil an rialtais ghinearálta a ríomh — toisc nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun stoc na sócmhainní neamhairgeadais a thomhas — tugtar an glanhiúchas airgeadais (BF.90) a léiríonn an difríocht idir na sócmhainní airgeadais iomlána agus na dliteanais iomlána.
- 20.149 Déanann CCE an clár comhardaithe a luacháil ag an margadhluach, cé is moite de thrí ionstraim ar leith: airgeadra agus tascí (AF.2), iasachtaí (AF.4) agus cuntais eile infhála/iníoctha (AF.8). I gcás na dtí ionstraim sin, is ionann na luachanna a thaifeadtar i gclár chomhardaithe na gcreidiúnaithe agus na bhféichiúnaithe araon agus suimeanna na príomhshuime a bhfuil dualgas conarthach ar na féichiúnaithe a aisíoc leis na creidiúnaithe, fiú i gcásanna inar trádáladh an iasacht ar lascaine nó ar phréimh, lena n-áirítear ús fabhráithe.
- 20.150 Déantar dliteanais urrúis a luacháil ag an margadhluach. Cé nach bhfuil dualgas ar an bhféichiúnaí ach i leith luach na príomhshuime, tá an margadhluach tábhachtach toisc go bhfuil dualgas ar an bhféichiúnaí sruth sreafaí airgid sa todhchaí a íoc, ar ina leith a athraíonn a luach láithreach de réir thoradh an mhargaidh, agus léiríonn an margadhluach an praghas a bheadh ar an rialtas a íoc dá mbeadh sé i gceist aige an ionstraim a fhuascailt trína cheannach ar ais ar an margadh.
- 20.151 Déantar cothromas luaithe a luacháil ag an bpraghasluachana is déanaí nuair atá an clár comhardaithe á tharraingt suas. Is féidir cothromas neamhluaithe a luacháil trí chóimheasa amháil cistí dílse ar luach de réir na leabhar a chur i gcomparáid le margadhluach an chothromais, in aicmí comhchosúla de chuid cuideachtaí luaithe. Is féidir cineálacha cur chuige eile a úsáid chun cothromas neamhluaithe a luacháil, amháil cistí dílse na corparáide a úsáid, agus an glanhiúchas á shocrú ag neamhní ar an dóigh sin. Is féidir an cur chuige sin a úsáid i gcás corparáidí poiblí a bhfuil cineálacha gníomhaíochtaí ar leith acu, mar shampla nuair atá bunanna cothromais ag an rialtas i mbainc cheannais. Níl sé molta, áfach, na cistí dílse a úsáid ag luach de réir na leabhar, gan choigeartuithe, ná luach ainmniúil an chothromais eisithe a úsáid ach an oiread.

Comhdhlúthú

- 20.152 Is é atá i gcomhdhlúthú modh chun na cuntais a leagan amach le haghaidh sraithe aonad amháil is dá mba eintiteas aonair amháin iad (aonad, earnáil, nó fo-earnáil). Is é atá i gceist leis idirbhearta agus suíomhanna stoic cómhálartacha agus sreafaí eacnamaíocha eile gaolmhara a dhíchur i measc na n-aonad atá a gcomhdhlúthú.
- 20.153 Tá tábhacht faoi leith ag baint le comhdhlúthú i gcás earnáil an rialtais ghinearálta agus a fo-earnálacha. Mar shampla, tá sé níos éifeachtaí tíochar iomlán na n-oibríochtaí rialtais ar an ngeilleagar iomlán nó ar inbhuaine na n-oibríochtaí rialtais a mheasúnú nuair a úsáidtear sraith staidrimh chomhdhlúite chun na hoibríochtaí rialtais a thomhas. Chun comhiomlán rialtais a chur i mbaint leis an ngeilleagar ina iomláine, amháil ioncam nó caiteachas le cóimheasa OTI, is fearr maistreadh inmheánach na gcistí a dhíchur agus gan ach na hidirbhearta a sháraíonn na teorainneacha le hearnálacha tíre eile nó le hearnáil na coda eile den domhan a áireamh. Tá an méid seo thar a bheith ábhartha i gcás na n-idirbheart seo a leanas:
- (a) ioncam ó mhaoin amháil ús;
 - (b) aistrithe reatha agus aistrithe caipitil;
 - (c) idirbhearta sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais.
- 20.154 Níl aon tionchar ag comhdhlúthú ar ítimí comhardaithe toisc go dtaispeántar na hítimí comhdhlúite go siméadrach laistigh de gach cuntas. Mar shampla, déantar deontas a bhronnann an rialtas láir ar aonad rialtais áitiúil a chomhdhlúthú trí chaiteachas a dhíchur ón rialtas láir agus ioncam a dhíchur ón rialtas áitiúil, ionas nach ndéanfar aon athrú ar ghlaniasachtú/glaniasachtaíocht an rialtais ghinearálta.
- 20.155 Ó thaobh coincheap de, is é atá i gceist le comhdhlúthú gach sreabhadh sna haonaid chomhdhlúite a dhíchur, ach ní foláir a bheith praiticiúil. Go coincheapúil, ní fhéadfar, nó ní féidir, idirbhearta sa chuntas táirgeachta, amháil díolacháin agus ceannacháin earraí agus seirbhísí, a chomhdhlúthú. Ba cheart an cinneadh maidir le leibhéal na mionsonraí a úsáidfead sa chomhdhlúthú a bheith bunaithe ar úsáideacht na mionsonraí comhdhlúite ó thaobh beartais de agus tábhacht na gcineálacha éagsúla idirbheart nó stoc.
- 20.156 Agus cuntais chomhdhlúite an rialtais á dtarraingt suas ordaítear i CCE na mór-idirbhearta seo a leanas a chomhdhlúthú (in ord tábhachta):
- (a) aistrithe reatha agus aistrithe caipitil, amháil deontais a bhronnann rialtas láir ar leibhéal níos ísle den rialtas;
 - (b) ús a thagann chun cinn ar shealúchais idir-rialtasacha sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais;
 - (c) idirbhearta, sreafaí eacnamaíocha eile agus stoic sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais, amháil iasachtaí do rialtais eile nó urrúis rialtais a fhaigheann aonaid slándála sóisialta.

- 20.157 Níl ceannacháin/díolacháin earraí agus seirbhísí idir aonaid rialtais comhdhlúite i CCE. Is amhlaidh sin toisc go léirítear díolacháin ar bhonn aschuir sna cuntais, seachas ar bhonn diúscartha agus, dá bharr sin, bheadh sé deacair a chinneadh cé hé an t-oibreoir eacnamaíoch contrapháirte i gcás an aschuir sin. Ina theannta sin, chruthófaí deacrachtaí breise toisc go bhfuil tomhaltas idirmheánach agus aschur faoi réir dhá riail luachála éagsúla, bunphraghsanna agus praghsanna na gceannaitheoirí.
- 20.158 Níl cánacha ná fóirdheontais a íocann aonad nó eintiteas amháin rialtais leis an gceann eile le comhdhlúthú. Ní féidir cánacha ná fóirdheontais ar tháirgí a chomhdhlúthú sa chóras, áfach, toisc nach ann d'oibreoir eacnamaíoch contrapháirte i CCE i gcás idirbheart den sórt sin: ní shainaithnítear na suimeanna ábhartha ar leithligh mar chaiteachas agus ioncam (faoi seach) agus ina ionad sin, áirítear nó ní áirítear iad i luach an tomhaltais idirmheánaigh nó i luach na ndíolachán.
- 20.159 Níl éadálacha/diúscairtí sócmhainní neamhairgeadais lena n-áirítear idirbhearta idir-rialtasacha talún, foirgneamh, agus trealamh comhdhlúite, toisc go dtaispeántar cheana iad sa chuntas ar bhonn glan: éadálacha lúide diúscairtí. Mar sin, taispeántar suimeanna cothroma sna cuntais neamhchomhdhlúite agus sna cuntais chomhdhlúite maidir leis na hítimí sin i gcónaí.
- 20.160 Ní dhéantar cineálacha áirithe idirbheart idir dhá aonad rialtais, de réir dealraimh, a chomhdhlúthú riamh toisc go gcuirtear tríd an gcóras arís iad chuig aonaid eile. Mar shampla, déantar ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí, cibé acu an íoctar le slándáil shóisialta nó le cistí pinsin rialtais iad, a láimhseáil mar chistí a íoctar leis an bhfostaí mar chuid de chúiteamh agus a íocann an fostaí leis an gciste ina dhiaidh sin. Ba cheart cánacha a choinníonn aonaid rialtais siar ón gcúiteamh d'fhostaithe, amhail cánacha íoc-mar-a thuillir (ÍMAT), agus a íoctar le foearnálacha rialtais eile a láimhseáil mar chánacha a íocann na fostaithe go díreach. Níl san fhóistóir rialtais ach an gníomhaire bailithe i gcás an dara haonad rialtais.
- 20.161 Is minic a thagann deacrachtaí praiticiúla chun cinn maidir le comhdhlúthú. Mar shampla, nuair a dhéantar idirbheart atá le comhdhlúthú a shainaithint i dtaifid aonaid amháin, bítear ag súil go bhfaighfean an t-idirbheart comhfhreagrach i gcuntais an chontrapháirtí. B'fhéidir nach dtaispeánfaí ansin é, mar go bhfuil sé taifeadta i dtreimhse dhifriúil, b'fhéidir go bhfuil luach difriúil aige, nó b'fhéidir go bhfuil sé aicmithe mar chineál eile idirbhirt i ngeall ar chleachtas chuntasaíochta dhifriúla. Tá na deacrachtaí sin intuigthe sa chóras taifeadta ceathrúil a úsáidtear i CCE, ach d'fhéadfaidís a bheith níos follasaí i gcás idirbheart idir-rialtasach.

SAINCHEISTEANNA CUNTASAÍOCHTA A BHAINNEANN LEIS AN RIALTAS GINEARÁLTA

- 20.162 Tá feidhm ag prionsabail na gcuntas náisiúnta maidir le hearnáil an rialtais ghinearálta ar an dóigh chéanna agus atá acu maidir le hearnálacha eile an gheilleagair. Mar sin féin, i ngeall ar nádúr eacnamaíoch ghníomhaíochtaí na n-aonad rialtais nó i ngeall ar bhreithnithe praiticiúla, tugtar rialacha breise sa roinn seo.
- 20.163 Mar an gcéanna, tá prionsabail na gcuntas náisiúnta infheidhme sa tslí chéanna maidir le hioncam rialtais agus caiteachas rialtais a thomhas. Ach ba cheart na prionsabail sin, go háirithe an prionsabal um fhabhrú, a chur i bhfeidhm i bhfianaise go bhfuil acmhainneacht creidmheasa agus srianta leachtachta an rialtais difriúil le haonaid tomhais eile. Má dhéantar caiteachas a thaifeadadh i gcuntais an rialtais nuair a thabhaíonn gach aonad rialtais é, beag beann ar mhoillithe móra íocaíochta, níor cheart ioncam a thaifeadadh sna cuntais ach amháin nuair is deimhin agus nuair a cheaptar go láidir go dtarlóidh na sreafaí airgid faoi seach.
- 20.164 Anuas air sin, nuair atá idirbheart á aicmiú, ní gá go gcuirfidh ainmníocht an idirbhirt i gcuntais phoiblí an rialtais ná i leabharchoimeád corparáide srian ar chuntasóirí náisiúnta. Sampla is ea íocaíocht mhór a dhéantar leis an rialtas, ó chúlchistí na corparáide nó ó dhíolacháin sócmhainní agus dá ngairtear "díbhinn" sna cuntais phoiblí, déantar í a aicmiú mar shárdhíbhinn agus déantar í a thaifeadadh mar idirbheart airgeadais sna cuntais náisiúnta — is ionann í agus aistarraingt cothromais. Is bunphrionsabal de chuid na cuntasaíochta é an réaltacht eacnamaíoch seachas an fhoirm dhlíthiúil a thuairisciú ar mhaithe le comhsheasmhacht a áirithiú agus lena áirithiú go mbeidh éifeachtaí comhchosúla ag idirbhearta den chineál céanna ar na cuntais mhaicreacnamaíochta beag beann ar na socruithe dlíthiúla. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo i gcás na n-idirbheart a bhaineann leis an rialtas ginearálta.

Ioncam ó cháin

Saintréith an ioncaim ó cháin

- 20.165 Is ionann cánacha agus íocaíochtaí éigeantacha gan chomaoin, bídis ina n-íocaíochtaí airgid nó ina n-íocaíochtaí comhchineáil, a dhéanann aonaid institiúideacha leis an rialtas ginearálta nó le comhlachtaí fornáisiúnta atá ag feidhmiú a gcumhachtaí ceannasacha nó cumhachtaí eile. Is ionann iad de ghnáth agus an chuid is mó d'ioncam an rialtais. Féachtar ar chánacha sa chóras mar idirbhearta, toisc go meastar gur idirghníomhaíochtaí a dhéantar idir aonaid trí chomhaontú frithpháirteach iad. Cuirtear síos ar chánacha mar íocaíochtaí gan chomaoin, toisc nach soláthraíonn an rialtas aon ní mar mhalairt ar cóimhéid leis an íocaíocht don aonad aonair a dhéanann an íocaíocht.

- 20.166 I gcásanna áirithe, áfach, soláthraíonn an rialtas rud éigin don aonad aonair i leith na híocaíochta, i bhfoirm cead nó údarú a bhronnadh go díreach. Sa chás sin, tá an íocaíocht ina cuid de phróiseas éigeantach a áirithíonn go ndéantar úinéireacht a aithint agus gníomhaíochtaí a fheidhmiú de réir dlí mar is cóir. Tá rialacha breise ag teastáil maidir le haicmiú na n-íocaíochtaí sin mar cháin, nó mar dhíol seirbhíse, nó mar shócmhainn a dhíolann an rialtas. Leagtar amach na rialacha sin i gCaibidil 4.

Creidmheasanna cánach

- 20.167 D'fhéadfadh faoiseamh ó cháin a bheith i bhfoirm liúntais, díolúine, nó asbhainte cánach — rudaí a bhaintear ón mbonn cánach — nó creidmheas cánach — rud a bhaintear go díreach ón dliteanas cánach a bheadh dlite ag an teaghlach is tairbhí nó ag an gcorparáid is tairbhí murach sin. Is féidir le creidmheasanna cánach a bheith iníoctha, sa chiall is go n-íocfar aon chuid den chreidmheas ar mó ná an dliteanas cánach é leis an tairbhí. I gcodarsnacht leis sin, tá roinnt creidmheasanna cánach neamhíoctha, agus tuairiscítear iad mar chreidmheasanna “do-íoctha”. Tá siad teoranta do mhéid an dliteanais chánach.
- 20.168 I gcuntais náisiúnta, ba cheart faoiseamh ó cháin atá leabaithe sa chóras cánach a thaifeadh mar fhaoiseamh a laghdaíonn an dliteanas cánach agus a laghdaíonn ioncam an rialtais ó cháin dá bharr. Is amhlaidh atá sé i gcás liúntais, díolúintí, agus asbhaintí cánach, toisc go n-úsáidtear go díreach iad chun an dliteanas cánach a ríomh. Is amhlaidh a bheidh sé freisin i gcás creidmheasanna cánach neamh-iníoctha toisc nach féidir an luach a chuireann an cáinócóir orthu a bheith níos mó ná a ndliteanas cánach. I gcodarsnacht leis sin, níor cheart é a bheith amhlaidh i gcás creidmheasanna cánach iníoctha, a bhféadfadh baint a bheith acu le daoine nach cáinócóirí iad chomh maith le cáinócóirí de réir sainmhínte. Toisc go bhfuil siad iníoctha, déantar creidmheasanna cánach iníoctha a aicmiú mar chaiteachas agus a thaifeadh amhlaidh don tsuim iomlán. Is é ioncam an rialtais ó cháin an tsuim atá dlite mar sin, gan aon laghdú i ngeall ar chreidmheasanna cánach iníoctha arna mbronnadh, agus áireofar ar chaiteachas rialtais na creidmheasanna cánach iníoctha uile arna mbronnadh. Níl aon tionchar aige sin ar ghlániasachtú/glániasachtaíocht an rialtais ghinearálta, ach tá tionchar aige go deimhin ar an muirear cánach agus ar chaiteachas an rialtais agus ar na cóimheasa comhfhreagracha le OTI. Ceadóidh an tIolacadh staidrimh gur féidir creidmheasanna cánach a dhíorthú ar bhonn glan.

Suimeanna le taifeadh

- 20.169 Tá sé fíor-riachtanach ioncam ó cháin a thaifeadh go hiomchuí ionas gur féidir gníomhaíochtaí agus feidhmíocht rialtais a thomhas. Ba cheart do na suimeanna atá le taifeadh freagairt do shuimeanna is dóchúil a bhailéoidh an rialtas iarbhrí: tugann sé sin le tuiscint nár cheart suimeanna a dearbhaíodh ach a meastar nach féidir a bhailiú a thaifeadh mar ioncam.

Suimeanna neamh-inbhailithe

- 20.170 I ngach cás, níor cheart ach suimeanna a thaifeadh a cheapann an rialtas i ndáiríre go mbeidh sé in ann iad a bhailiú. Níor cheart cuntas a thabhairt ar chánacha neamh-inbhailithe i nglániasachtú/glániasachtaíocht an rialtais ghinearálta ná in ioncam iomlán, tríd is tríd. Beidh an tionchar ar ghlániasachtú/glániasachtaíocht cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta an rialtais ghinearálta arna thaifeadh sa chóras ar bhonn fabhráithe comhionann thar thréimhse réasúnta leis na suimeanna comhfhreagracha a fuarthas iarbhrí. Mínítear na rialacha maidir le cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta a thaifeadh i gCaibidil 4.

Am taifeadta

Taifeadh ar bhonn fabhráithe

- 20.171 Déanann cuntasáíocht ar bhonn fabhráithe taifeadh ar shreafaí tráth a ndéantar an luach eacnamaíoch a chruthú, a chlaohlú, a mhalartú, a aistriú nó a mhúchadh. Tá sé difriúil ó thaifeadh airgid agus difriúil, i bprionsabal, ó thaifeadh dlite-le-híoc, a shainmhínítear mar an tráth is déanaí is féidir íocaíochtaí a dhéanamh gan táill breise ná pionóis. Déantar an tréimhse idir tráth fabhráithe na híocaíochta agus tráth déanta na híocaíochta a thabhairt i gcuntas trí shuim infhála nó shuim iníoctha a thaifeadh sna cuntais airgeadais. Is ar bhonn fabhráithe a dhéantar taifeadh i CCE. I gcás idirbheart áirithe amháil íocaíocht díbhinní nó roinnt aistrithe sonracha, úsáidtear an dáta ar a bhfuil an íocaíocht dlite.

Cánacha a thaifeadh ar bhonn fabhráithe

- 20.172 Tá sé thar a bheith doiligh don rialtas, ioncam agus éilimh a thaifeadh nuair a tharlaíonn an teagmhas is bun leo, toisc gur minic a bhíonn taifeadtaí rialtais, mar shampla i gcás cánach, ar bhonn airgid. Nuair a dhéantar cánacha fabhráithe a ríomh ó mheasúnuithe ar chánacha dlite, d'fhéadfadh baol a bheith ann go ndéanfaí ró-thaifeadh ar an ioncam ó cháin, ar comhiomlán airgeadais rialtais ríthábhachtach é.
- 20.173 Déantar an tréimhse idir tráth a ndéantar idirbheart a thaifeadh mar cheann a fhabhraíonn sna cuntais neamhairgeadais, agus tráth a ndéantar an íocaíocht iarbhrí a thabhairt le chéile trí shuim infhála a thaifeadh sa chuntas airgeadais i gcuntais páirtí amháin agus suim iníoctha a thaifeadh i gcuntais an pháirtí eile. I gcásanna ina ndéantar réamhíocaíocht, a chumhdaíonn dhá thréimhse chuntasáíochta nó níos mó, leis an rialtas, déantar suim iníoctha, ar foirm iasachtaíochta é, a thaifeadh i gcuntas airgeadais an rialtais i leith na suimeanna dlite i dtréimhsí amach anseo. Déantar an dliteanas sin a mhúchadh agus suimeanna dlite an idirbhirt sna tréimhsí amach anseo á ríomh. Níor cheart an dliteanas sin a thaifeadh, áfach, ach nuair a d'fhéadfadh oibleagáid a bheith ar an rialtas, go dlíthiúil nó trí oibleagáid inchiailithe, aisiocaíocht a dhéanamh leis an íocóir i leith na suimeanna réamhíochta mura dtarlaíonn an teagmhas inchánach.

20.174 I gcomhréir le taifeadadh ar bhonn fabhráithe, ba cheart cánacha a thaifeadadh nuair a tharlaíonn na gníomhaíochtaí, na hidirbhearta, nó na teagmhais eile a chruthaíonn an dliteanas cáin a íoc — i bhfocail eile, nuair a tharlaíonn na teagmhais inchánacha — seachas nuair atá na híocaíochtaí dlite nó déanta iarbhrí. Is iondúil gurb é atá i gceist leis an tráth sin an tráth a dtuilltear ioncam nó an tráth a ndéantar an t-idirbheart (amhail earraí agus seirbhísí a cheannach) a chruthaíonn an dliteanas, a mhéid is gur féidir an dliteanas cáin a thomhas go hiontaofo. D'fhéadfadh na socrúithe institiúideacha éagsúla maidir le cáin (más ann do mheasúiníthe, amhail rollaí cánach, mar shampla nó murar ann dóibh) a chur faoi deara modhanna éagsúla taifeadta a úsáid, de réir shaintréith na cánach. Dá bhrí sin, mura bhfuil aon mheasúiníthe iontaofo ar fáil nó murar féidir na suimeanna nach dóchúil a bhaileofar a mheas go hiontaofo, meastar gur ionadaí ábhartha fabhráithe é modh an airgid agus é coigeartaithe de réir ama.

20.175 Sa chleachtas, i gcás ina bhfuil cánacha bunaithe ar mheasúiníthe, is féidir a bheith measartha solúbtha le ham an taifeadta i gcás nach féidir é a thomhas ar shlí iontaofo sula ndéantar measúnú. I gcás cánacha ar ioncam, go háirithe, d'fhéadfadh sé go n-éileodh córais chánach, rolla cánach nó measúnú cánach de chineál éigin eile a fhorbairt sula mbeidh na suimeanna cánach atá dlite ar eolas ar bhealach iontaofo, agus na hathruithe ar na rátaí cánach agus ar na socrúithe críochnaitheacha á gcur san áireamh. Am taifeadta inghlactha is ea an tráth sin, ar féidir gurb é an ceann é a raibh tionchar aige ar iompraíocht eacnamaíoch na dteaghlach. Ní gá gurb é an tréimhse chuntasaíochta ina bhfuarthas an íocaíocht é.

Ús

20.176 Is ionann ús agus caiteachas a thabhaíonn féichiúnaí ar mhaithe le cistí aonaid eile a úsáid. Faoi théarmaí na hionstraim airgeadais a comhaontaíodh eatarthu, is ionann ús (D.41) agus an tsuim a bhíonn an féichiúnaí faoi dhliteanas a íoc leis an gcreidiúnaí thar thréimhse áirithe gan méid na príomhshuime gan íoc a laghdú.

20.177 Déantar ús a aicmiú faoi ioncam ó mhaoin (D.4). Murab ionann agus díbhinní (D.421), tugann ús (D.41) de theideal don sealbhóir/iasachtóir ioncam seasta réamhchinntithe (nó ioncam a cinneadh de réir tagartha chomhaontaithe i gcás ráta úis chomhlúthaigh) a fháil. Is iondúil go mbíonn ús ina mhór-ítem chaiteachais ar an rialtas ginearálta, ós rud é gur iasachtaithe struchtúracha ar an margadh iad rialtais go minic.

20.178 Déantar ús a thaifeadadh sa chóras ar bhonn fabhráithe, i.e. déantar ús a thaifeadadh mar shuim a fhabhraíonn go leanúnach le himeacht ama chuig an gcreidiúnaí ar an bpríomhshuim atá gan íoc.

20.179 Tá dhá bhealach ann chun luach urrúis lascaíthe a chinneadh le linn a shaolré nuair nach ionann an ráta úis atá i réim agus an ráta úis a bhí i réim nuair a tionscnaíodh an t-urrús. Is ó dhearcadh an aonaid a eísíonn an t-urrús cur chuige an fheichiúnaí agus is ó dhearcadh an aonaid a shealbháíonn an t-urrús atá cur chuige an chreidiúnaí. Ó dhearcadh an fheichiúnaí, úsáidtear an ráta úis a comhaontaíodh tráth an tionscanta thar shaolré an urrúis. Ó dhearcadh an chreidiúnaí, úsáidtear an ráta úis reatha chun an t-ús idir dhá phointe i saolré an urrúis a luacháil.

20.180 Taifeadtar ús ar bhonn fabhráithe de réir chur chuige an fheichiúnaí, eadhon: bunaithe ar an ráta nó ar an toradh atá i réim tráth a cruthaíodh an ionstraim airgeadais. Mar sin, ní athraíonn an caiteachas úis atá le taifeadadh ar fhiachas ráta seasta le himeacht ama i gcomhréir le luaineacht an mhargaidh, in ainneoin go mbíonn margadhluach na n-urrús ag luainiú agus go n-athraíonn na deischois chun an fiachas sin a shealbhú, dá réir sin. Seachnaíonn caiteachas úis an luaineacht a bheadh i gceist le cur chuige an chreidiúnaí, ar an mbealach sin. Ní dhéantar aon iontráil in ioncam nó i gcaiteachas tráth an cheannaigh nó níos déanaí i ngeall ar urrúis a athcheannach ar an margadh, ag préimh nó ag lascaine i gcomparáid leis an bpríomhshuim gan íoc. Ina ionad sin, léiríonn aon phréimh athcheannaigh nó lascaine athcheannaigh an tsocraíocht, a thaifeadtar sna cuntais airgeadais, i leith gnóthachain sealúchais nó cailteanas sealúchais a fhabhraíodh san am atá thart agus a taifeadadh sna cuntais athluachála an tráth sin.

20.181 Is é an iarmhairt atá ar ús a thaifeadadh mar shuim a fhabhraíonn go leanúnach, d'urrús mar shampla, go dtaifeadtar an muirear úis fabhráithe ón tráth a eísíodh an t-urrús, gan fanacht leis an tráth a n-íocfar an chéad chúpón (an bhliain dár gcionn, go minic, i gcás gnáthurrús a bhfuil íocaíocht bhliantúil cúpóin aige). Ciallaíonn sé freisin go dtosaítear ús fabhráithe ar urrúis a thaispeáint mar dhliteanas a luaithe is a athínfheistítear ús eisithe faoin tsócmhainn airgeadais a thabhaíonn é. Mar thoradh air sin, tá stoc an úis fhabhráithe gan íoc le suim i gcónaí leis an luach atá ar phríomhshuim na bunionstraim agus, ina dhiaidh sin, laghdaíonn aon íocaíochtaí úis dliteanas an fheichiúnaí. Cumhdaíonn an bunphrionsabal seo gach ionstraim airgeadais atá úsmhar.

20.182 I roinnt mhaith tíortha, eísítear bannaí nó nótaí rialtais i dtráinsí idirmhalartacha, thar roinnt mhaith blianta, agus na coinníollacha céanna i bhfeidhm iontu maidir le ráta ainmniúil an úis. Toisc go mbaineann éagsúlachtaí le toradh an mhargaidh nuair a athdhíoltar tráinsí, díoltar gach tráinse iarbhrí ar phréimh nó ar lascaine. Mar sin, úsáidtear an ráta úis a chinntear tráth eisiúna an bhanna, a mbeidh éagsúlachtaí ag baint leis i gcás gach tráinse, chun amúchtaí éagsúla préimhe nó lascaine eile ar eisiúint an bhanna a léiriú, ar an gcaoi chéanna is a dhéantar lascainí ar bhannaí cúpóin nialasaigh a amúchadh.

- 20.183 Cuimsíonn praghas eisiúna na mbannaí agus nótaí a eisítear i dtránsí idirmhalartacha, agus i gcúpóin sealbhaithe, suim i leith cúpóin a fabhraíodh go dtí seo, agus a “dhíoltar” go bunúsach nuair a eisítear iad. Ní ioncam rialtais iad cúpóin díolta den sórt sin tráth an díola agus ní láimhseáiltear iad mar phréimh. Breathnaítear orthu mar airleacan airgeadais ina ionad sin.

Bannaí lascainithe agus bannaí cúpóin nialasaigh.

- 20.184 Is ionann bannaí cúpóin nialasaigh agus ionstraimí nach gceanglaíonn ar an bhféichiúnaí aon íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcreidiúnaí go dtí go bhfuasclófar an banna. Tá an phríomhshuim níos ísle ná luach an bhanna a aisíocfaidh an féichiúnaí. Go bunúsach, déantar dliteanas an fhéichiúnaí a urscaoileadh trí íocaíocht amháin ar é a bheith aibí, a chlúdaíonn an príomhshuim agus suim an úis a fabhraíodh thar shaolré na hionstraim. Is ionann ús agus an difríocht idir an tsuim a aisíoctar ag deireadh an chonartha agus an tsuim a fuarthas ar iasacht ar dtús agus ní mór é a leithdháileadh thar na tréimhsí cuntasaíochta idir tús agus deireadh an chonartha. Láimhseáiltear an t-ús a fhabhraíonn gach tréimhse amháin is dá mba rud é gur íoc an féichiúnaí é agus déantar é a infheistiú mar shuim bhreise den dliteanas céanna. Déantar caiteachas úis agus méaduithe ar an dliteanas a thaifeadh go comhuaineach gach tréimhse.

- 20.185 Léiríonn méadú de réir a chéile ar mhargadhluach banna atá inchurtha i leith charnadh an úis fhabhráithe agus an úis athinfheistithe méadú ar an bpríomhshuim gan íoc, eadhon, méid na sócmhainne.

- 20.186 Baineann an prionsabal céanna le bannaí lascainithe nó bannaí a eisítear faoi phréimh. Sa chás sin, tá an caiteachas úis le taifeadh mar shuim an úis atá fabhráithe ar chúpóin mar atá sonraithe sa chonradh, móide an tsuim a fhabhraíonn gach tréimhse is inchurtha i leith na difríochta idir an praghas fuascailte agus an praghas eisiúna.

Urrúis treoirnaisc

- 20.187 Is é atá in urrúis treoirnaisc ionstraimí airgeadais, ar bannaí fadtéarmacha go hiondúil iad, a bhfuil suimeanna na n-íocaíochtaí tréimhsiúla agus/nó suim na príomhshuime nasctha le hinnéacs praghsanna nó le hinnéacs eile. Meastar gur ús iad aon íocaíochtaí breise a dhéantar le creidiúnaithe i ngeall ar athruithe ar an innéacs, lena n-áirítear ardú na príomhshuime, atá le taifeadh mar shuimeanna a fhabhraíonn go leanúnach. Nuair atá luach na príomhshuime nasctha le hinnéacs, láimhseáiltear an difríocht idir an praghas fuascailte agus an praghas eisiúna mar ús a fhabhraíonn thar shaolré na sócmhainne, de bhreis ar aon ús atá dlite sa tréimhse sin.

Díorthaigh airgeadais

- 20.188 Ní mheastar i CCE gur ioncam ó mhaoin iad socraíochtaí ar idirbhearta babhtála. Na socrúithe a bhaineann le díorthaigh airgeadais, is idirbhearta airgeadais iad, atá le taifeadh nuair a dhéantar ionstraim airgeadais a mhalartú iarbhrí.

Breitheanna cúirte

- 20.189 Nuair a rialaíonn cúirt bhreithiúnais nach foláir cúiteamh a íoc, nó idirbheart a aisiompú, a bhaineann le himeachtaí roimhe sin nó mar thoradh orthu, is é am taifeadta an chaiteachais nó an ioncaim an tráth a bhfuil ceart uathoibríoch neamhchospóideach ag na héilitheoirí aon suim áirithe is féidir a chinneadh ar bhonn aonair a fháil, agus nuair is dóchúil go n-éireoidh le héilitheoirí a suim dhlite a iarraidh. Nuair a leagann an chúirt bhreithiúnais prionsabal cútímh síos, agus sin amháin, nó nuair nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar na héilimh ó thaobh cáilitheachta agus ó thaobh suim a shocrú ag seirbhísí riaracháin, déantar caiteachas nó ioncam a thaifeadh a luaithe is atá luach na hoibleagáide cinntithe go hiontaofa.

Caiteachas míleata

- 20.190 Úsáidtear córais armán míleata, a chuimsíonn feithiclí agus trealamh eile amháin longa cogaidh, fomhuireáin, aerárthaí míleata, tancanna, iompróirí agus teilgeoirí diúracán etc. go leanúnach chun seirbhísí cosanta a tháirgeadh. Is sócmhainní seasta iad, ar nós na sócmhainní a úsáidtear go leanúnach ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin i gcás táirgeadh sibhialta. Déantar éadail na sócmhainní sin a thaifeadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta i.e. mar chaiteachas caipitiúil. Láimhseáiltear ítimí aon-úsáide, amháin lón lámhaigh, diúracáin, roicéid agus buamaí mar fhardail mhíleata. D'fhéadfaí a mheas, áfach, go soláthraíonn diúracáin bhalaistíocha áirithe, seirbhís leanúnach iombhagartha agus go gcomhlíonann siad na critéir ghinearálta lena n-aicmiú mar shócmhainní seasta, dá bhrí sin.

- 20.191 Is ionann am an taifeadta agus an tráth a n-aistrítear úinéireacht na sócmhainne. I gcás conarthaí fadtéarmacha a bhfuil córais chasta i gceist leo, ba cheart am taifeadta aistriú na sócmhainní a bheith comhionann, dá bhrí sin, le tráth seachadta iarbhrí na sócmhainní, seachas an tráth a ndéantar na híocaíochtaí airgid. I gcás ina gcomhdaíonn roinnt conarthaí fadtéarmacha soláthar seirbhísí chomh maith, ba cheart caiteachas rialtais a thaifeadh an tráth a soláthraítear na sócmhainní, agus é taifeadta ar leithligh ó sholáthar sócmhainní.

20.192 Má thugtar trealamh míleata ar léas, déantar an t-idirbheart a thaifeadadh i gcónaí mar léas airgeadais, seachas mar léas oibriúcháin. Tugann sé seo le tuiscint go meaitseálann iasacht bharúlach arna tabhú ag léasaí rialtais an thaifeadadh a dhéantar ar éadail sócmhainne míleata. Mar thoradh air sin, déantar íocaíochtaí a dhéanann an rialtas a thaifeadadh mar sheirbhísí ar fhiachas, cuid de mar aisíoc na hiasachta, agus an chuid eile mar ús.

Caidreamh an rialtais ghinearálta le corparáidí poiblí

Infheistíocht chothromais i gcorparáidí poiblí agus tuilleamh a dháileadh

20.193 Tá dlúthchaidreamh idir aonaid rialtais agus corparáidí poiblí nó samhailchorparáidí a bhfuil úinéireacht acu orthu. In ainneoin an dlúthchaidrimh sin, láimhseáiltear sreafaí idir aonad rialtais agus an chorparáid nó an tsamhailchorparáid faoina rialú a bhaineann lena hinfeistíocht chothromais ar an gcaoi chéanna is a láimhseáiltear sreafaí idir corparáid ar bith agus a húinéirí: infheistíochtaí cothromais ón infheisteoir san aonad ina sealbhaítear an infheistíocht; tuilleamh a leithdháileadh ón aonad ina sealbhaítear an infheistíocht ar an infheisteoir.

Infheistíocht chothromais

20.194 Tarlaíonn infheistíocht chothromais nuair a chuireann gníomhairí eacnamaíocha cistí ar fáil do chorparáidí, i gcomaoin gealltanais maidir le díbhinní sa todhchaí nó cineálacha eile toraidh. An tsuim a dhéantar a infheistiú ar a dtugtar an caipiteal cothromais, is cuid de chistí dílse na corparáide í agus tá saoirse mhór ag an gcorparáid maidir leis an mbealach ina n-úsáidtear í. Faigheann na húinéirí scaireanna nó cothromas de chineál eile mar mhalairt orthu. Seasann siad sin do chearta maoinne ar chorparáidí agus ar shamhailchorparáidí agus tugann siad teideal do shealbhóirí:

(a) sciar d'aon díbhinní (nó aistarraingtí ioncaim ó shamhailchorparáidí) arna n-íoc de réir rogha na corparáide ach nach n-íoctar de réir ioncaim sheasta réamhchinnte a fháil; agus

(b) sciar i nglansócmhainní na corparáide i gcás a leachtaithe

agus, dá réir sin, is sócmhainní airgeadais iad na scaireanna.

20.195 Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir cothromas a dhéanann an chorparáid a aistarraingt chun a húinéara agus an toradh ar infheistíocht chothromais, go háirithe an t-ioncam a thuilltear i bhfoirm díbhinní. Ní dhéanann corparáidí ach dáileacháin rialta ón ioncam fiontraíoch a thaifeadadh mar dhíbhinní nó aistarraingtí ioncaim ó shamhailchorparáidí. Taifeadtar íocaíochtaí móra neamhrialta leis na húinéirí mar aistarraingtí cothromais.

20.196 Ní mór a chinneadh an amhlaidh gur caiteachas rialtais nó éadail sócmhainne, ar idirbheart airgeadais iad dá réir, iad íocaíochtaí rialtais i gcorparáidí poiblí agus, os a choinne sin, an amhlaidh gur ioncam rialtais nó idirbheart airgeadais iad dáileacháin a dhéanann corparáidí poiblí ar an rialtas.

Instealltaí caipitil

Fóirdheontais agus instealltaí caipitil

20.197 Is ionann fóirdheontais agus aistrithe reatha a dhéantar go hiondúil ar bhonn rialta, ón rialtas nó uaireanta ón gcuid eile den domhan chuig táirgeoirí. Ceapadh iad le dul i gcion ar na leibhéil táirgthe, ar na praghsanna ag a ndíoltar an t-aschur nó ar luach saothair na bhfachtóirí táirgthe.

20.198 Ní fóirdheontais iad íocaíochtaí le corparáidí poiblí ar bhonn leathan mírialta, dá ngairtear “instealltaí caipitil” go minic. Is teagmhais iad a bhfuil sé mar aidhm leo an chorparáid is tairbhí a chaipitliú nó a athchaipitliú, agus iad á gcur ar fáil don chorparáid is tairbhí go fadtéarmach. De réir na “tástála insteallta caipitil”, is aistrithe caipitil nó éadálacha cothromais, nó an dá rud le chéile, iad na hinstealltaí caipitil sin. Seo a leanas dhá chás:

(a) déantar íocaíocht chun cailteanais charntha, eisceachtúla nó sa todhchaí a chumhdach, nó a sholáthraítear chun críoch beartais phoiblí, a thaifeadadh mar aistriú caipitil. Is ionann cailteanais eisceachtúla agus cailteanais mhóra a thaifeadtar i dtréimhse chuntasafachta amháin i gcuntais ghnó na corparáide, a eascraíonn den chuid is mó as athluachálacha íslithe ar shócmhainní cláir chomhardaithe, ionas go bhfuil baol ann go mbeidh an chorparáid in anás airgeadais (cistí diúltacha dílse, sárú sócmhainneachta, etc.);

(b) is éard atá in íocaíocht, i gcásanna ina bhfuil an rialtas ag feidhmiú mar scairshealbhóir sa mhéid is gur féidir leis a bheith ag súil go ngnóthódh sé ráta toraidh leordhóthanach, i bhfoirm díbhinní nó gnóthachan sealúchais, ná éadail cothromais. Caithfidh an chorparáid saoirse mhór a bheith aici ó thaobh na gcistí a chuirtear ar fáil a úsáid. Nuair atá infheisteoirí príobháideacha rannpháirteach san instealladh caipitil, agus go bhfuil coinníollacha comhchosúla ann d'infheisteoirí príobháideacha agus d'infheisteoirí an rialtais, is fianaise é gur dóchúil gur éadail cothromais a bheidh san íocaíocht.

- 20.199 Táthar ag súil i roinnt mhaith cásanna go mbeidh sé i gceist le híocaíochtaí a dhéanfaidh aonaid rialtais le corparáidí poiblí cailteanais a bhí ann roimhe seo nó amach anseo a chúiteamh. Ní láimhseáiltear íocaíochtaí rialtais mar éadail cothromais ach amháin má tá dóthain fianaise ann maidir le brabúsacht na corparáide amach anseo agus a cumas díbhinní a íoc.
- 20.200 Ós rud é go méadaíonn instealltaí caipitil cistí dílse an aonaid ina sealbhaítear an infheistíocht, is dóchúil go méadóidh siad bun cothromais an infheisteora san aonad sin freisin. Is mar seo atá sé sa ghnáthchúrsa i gcás na gcorparáidí atá 100 % faoi úinéireacht phoiblí agus a ndéantar a gcothromas a luacháil de réir a gcistí dílse. Ní critéar chun nádúr an insteallta chaipitil a mheas é méadú den sórt sin ar chothromas; mar mhalairt air sin, cuireann sé faoi deara iontráil a dhéanamh sa chuntas athluachála nuair a dhéantar an t-instealladh a thaifeadadh mar aistriú caipitil, agus iontráil a dhéanamh sna cuntais airgeadais nuair a dhéantar instealladh a thaifeadadh mar bhreis ar chothromas.

Rialacha is infheidhme maidir le dálaí áirithe

- 20.201 Déantar instealltaí caipitil a chuirtear i gcrích i gcomhthéacs an phríobháidithe, nuair atáthar ag súil go ndéanfar príobháidíú laistigh de thréimhse níos lú ná bliain amháin, a thaifeadadh mar idirbheart cothromais do shuim nach mó ná fáltais an phríobháidithe, agus an chuid eile faoi réir na tástála insteallta caipitil. Meastar ansin gur aisiocadh an t-instealladh caipitil le fáltais an phríobháidithe.
- 20.202 Is féidir instealltaí caipitil a dhéanamh trí fhiachas a chealú nó trí fhiachas a thiomhdaí. I ngeall ar rialacha cuntasaoíochta is infheidhme maidir leis na teagmhais sin is aistriú caipitil í an íocaíocht, cé is moite de phríobháidíú nuair is éadail cothromais í, nach mó a luach ná suim na bhfáltais príobháidithe.
- 20.203 Níl aon tionchar ag instealltaí caipitil comhchineáil, trí sócmhainní neamhairgeadais a sholáthar, ar ghlaniasachtú/glaniasachtaíocht. Nuair atáthar ag ceapadh go ngnóthóidh an t-instealladh ráta fáltais leordhóthanach, láimhseáiltear é mar athrú ar struchtúr (K.61), agus iontráiltear an tsócmhainn a sholáthraítear i gclár comhardaithe na corparáide trí na cuntais athruithe eile ar mhéid na sócmhainní. Nuair nach gceaptar go ngnóthóidh an t-instealladh ráta fáltais leordhóthanach, déantar aistriú caipitil (deontas infheistíochta, D.92) a thaifeadadh mar aon le hiontráil chomhfhreagrach i ndiúscairtí sócmhainní neamhairgeadais (P.5 nó NP).

Oibríochtaí fíoscacha

- 20.204 Cuireann an rialtas oibríochtaí fíoscacha i gcrích agus maoinítear iad trí bhíthin an bhuiséid de réir na ngnáth-nósanna imeachta buiséadacha. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh idirghabháil eintiteas nach bhfuil faoi rialú chreat dlíthiúil an rialtais, lena n-áirítear corparáidí poiblí, i gceist i gcás roinnt oibríochtaí arna dtionscnamh ag aonaid rialtais. Cé nach ndéanfar iad a thaifeadadh sa bhuiséad, agus go bhféadfaidís na gnáthnósanna imeachta a sheachaint, is iomchuí iad a thaifeadadh faoi ioncam agus caiteachas rialtais. Is amhlaidh sin toisc go sainaithníonn CCE oibríocht inar príomhpháirtí é an rialtas agus ina bhfuil an chorparáid phoiblí ag feidhmiú mar ghníomhaire.

Dáiltí na gcorparáidí poiblí

Comparáid idir díbhinní agus aistarraingtí cothromais

- 20.205 Is féidir na tuillimh ó infheistíocht chothromais i gcorparáidí poiblí a thaifeadadh mar idirbheart dáileacháin ar díbhinní iad de ghnáth, nó mar idirbheart airgeadais. Is ioncam ó mhaoín iad díbhinní. Is é an acmhainn atá ar fáil chun díbhinní a dháileadh ioncam fiontraíoch na corparáide. Mar sin, ní chluimseodh na hacmhainní as a n-íoctar díbhinní fáltais ó dhíol na sócmhainní ná dáileadh na ngnóthachan athluachála. Déantar díbhinní arna gcistiú as na foinsí sin nó atá bunaithe orthu a thaifeadadh mar aistarraingtí cothromais. Tá feidhm ag na príonsabail bhunúsacha chéanna maidir le haistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí.
- 20.206 Na híocaíochtaí móra neamhriala nó íocaíochtaí a sháraíonn ioncam fiontraíoch na bliana, tugtar sárdhíbhinní orthu. Cistítear iad ó chúlchistí carntha nó ó dhíolachán sócmhainní, a thaifeadtar mar aistarraingtí cothromais atá cothrom leis an dífríocht idir íocaíocht agus ioncam fiontraíoch na tréimhse cuntasaoíochta ábhartha. In éagmais aonaid tomhais ar ioncam fiontraíoch, úsáidtear brabús oibríocháin ina ionad sin i gcuntais ghnó.
- 20.207 Déantar díbhinní eatramhacha a thaifeadadh mar ioncam ó mhaoín (D.42) sa mhéid is gur féidir iad a chur i mbaint le hioncam fabhráithe na corparáide. Sa chleachtas, ní mór dhá choinníoll a chomhlíonadh:
- (a) cuireann an chorparáid atá ag déanamh na híocaíochta seo cuntais ghearrthréimhseacha ar fáil don phobal agus tá an íocaíocht bunaithe ar dhá ráithe ar a laghad;
 - (b) ba cheart an íocaíocht eatramhach a bheith sa chomhréir chéanna leis na díbhinní a íocadh sna blianta roimhe sin, de réir an ghnáthráta toraidh atá ag dul don scairshealbhóir agus ag teacht le treocht fáis na corparáide.

Mura gcomhlíontar na coinníollacha sin, déantar an íocaíocht eatramhach a thaifeadh mar airleacan airgeadais, a aicmítear faoi chuntais eile infhála/iníoctha (F.8) go dtí go gcinnear an toradh bliantúil, ag féachaint don ghá atá ann an tástáil sárdhíbhíne a dhéanamh maidir le díbhinní eatramhacha a chur i gcomparáid le hioncam fiontraíoch na bliana.

Comparáid idir chánacha agus aistarraingtí cothromais

- 20.208 Tá bunús dlí ag cánacha agus tá siad faoi rialú nós imeachta reachtach. Is ionann na hidirbhearta sin, a dhéantar trí chomhaontú frithpháirteach, agus príomhioncam an rialtais ghinearálta.
- 20.209 Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú, anois is arís, nach ndéanfaí idirbheart a gcuirtear síos ar mar cháin i ndoiciméid dlí, a thaifeadh mar cháin i CCE. Sampla amháin is ea cás an phríobháidithe indrigh. Má dhíolann corparáid shealbháochta phoiblí a húinéireacht cothromais i gcorparáid phoiblí eile agus má chuireann sí roinnt de na fáiltais ar ais chuig an rialtas faoin gceannteideal cánacha, nó má tá sí dlite cáin a cruthaíodh tríd an teagmhas príobháidithe a íoc agus cáin ar ghnóthachain réadaithe dá bharr, faoi cheannteideal cáin ghnóthachan caipitil, déantar an íocaíocht a thaifeadh mar idirbheart airgeadais.

Príobháidíú agus náisiúnú

Príobháidíú

- 20.210 Is minic gur cuid de phríobháidíú é scaireanna nó cothromas eile i gcorparáid phoiblí a bheith á ndíol ag an rialtas. Ní ioncam rialtais iad fáiltais an phríobháidithe ach idirbheart airgeadais a dhéantar a thaifeadh sa chuntas airgeadais, nach bhfuil tionchar aige ar easnamh/barrachas an rialtais, toisc go bhfuil an teagmhas sin neodrach ó thaobh glanfhíochais de agus gur athaicmiú sócmhainní é (AF.5 i gcoinne AF.2) i gclár comhardaithe an rialtais. Déantar díolachán díreach sócmhainní neamhairgeadais amháil foirgnimh agus talamh, seachas corparáid ina hiomláine, a thaifeadh sa chuntas caipitil mar dhiúscairtí sócmhainní seasta nó sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais, mura ndéantar iad i gcomhthéacs athstruchtúráil corparáide.
- 20.211 Ba cheart aon cheannach seirbhísí ar mhaithe leis an bpróiseas sin a bhaint amach, áfach, a thaifeadh mar thomhaltas idirmhéanach rialtais agus níor cheart iad a ríomh i bhfoirm ghlan as fáiltais phríobháidithe. Ar an gcaoi sin, tá fáiltais phríobháidithe le taifeadh i bhfoirm chomhlán sna cuntais airgeadais.

Príobháidíú indíreach

- 20.212 Féadfaidh príobháidíú tarlú faoi shocrúithe institiúideacha níos casta. Mar shampla, féadfaidh cuideachta shealbháochta phoiblí nó corparáid phoiblí eile faoi rialú an rialtais, sócmhainní corparáide poiblí a dhíol, agus cuirtear na fáiltais ar fad nó cuid díobh ar aghaidh chuig an rialtas. Tá íoc na bhfáltais ó dhíol sócmhainní leis an rialtas ar an dóigh sin le taifeadh i ngach cás mar idirbheart airgeadais beag beann ar an mbealach ina dtairfeadtair é i leabhair an rialtais ná a fhochuideachta, agus laghdú comhuaineach ann ar a scaireanna agus ar chothromais eile a fhreagraíonn do pháirtleachtú sócmhainní na cuideachta sealbháochta. Is éard atá i bhfáltais a choinníonn an cuideachta sealbháochta fáiltais phríobháidithe an rialtais a infheistítear arís ar mhodh insteallta caipitil, a chuirtear faoi réir na tástála insteallta caipitil ansin chun nádúr na híocaíochta a chinneadh.
- 20.213 D'fhéadfadh sé tarlú chomh maith go bhfeidhmeodh an cuideachta sealbháochta phoiblí, nó corparáid phoiblí eile, mar "ghníomhaireacht athstruchtúraithe". I gcomhthéacs den chineál sin, d'fhéadfadh sé nach n-íocfaí fáiltais an díola leis an rialtas ach go gcoinneodh an ghníomhaireacht athstruchtúraithe iad chun caipiteal a instealladh i ngnóthais eile. Nuair a ghníomhaíonn an t-aonad athstruchtúraithe, is cuma cén stádas dlíthiúil atá aige, mar ghníomhaire díreach an rialtais, is é is príomhfhéidhm aige, cistí a threorú ó aonad amháin chuig aonad eile agus stádas úinéireachta na gcorparáidí poiblí a athstruchtúráil agus a athrú. Déanfar an t-aonad a aicmiú de ghnáth in eamháil an rialtais ghinearálta. Ach, i gcás inar cuideachta sealbháochta a rialaíonn grúpa fochuideachtaí é an t-aonad athstruchtúraithe, agus gan ach cuid bheag dá ghníomhaíochtaí tiomnaithe do chistí a threorú ar an mbealach a thuairiscítear thuas, thar ceann an rialtais agus chun críoch beartas poiblí, aicmítear an cuideachta sealbháochta phoiblí i gceann amháin d'eamháil na gcorparáidí de réir a príomhghníomhaíochta, agus tá na hidirbhearta a dhéantar thar ceann an rialtais le hatreorú trí rialtas.

Náisiúnú

- 20.214 Ciallaíonn náisiúnú rialú arna ghlacadh ag an rialtas ar shócmhainní áirithe nó ar chorparáid ina hiomláine, de ghnáth trí bhun iomlán na corparáide nó an tromlach de a fháil.
- 20.215 Is gnách gur ceannach scaireanna a bhíonn i gceist le náisiúnú: ceannaíonn an rialtas scaireanna ar fad corparáide nó cuid acu, ar phraghas an mhargaidh — nó ar phraghas atá gar go leor dó, agus cuirtear gnáthchleachtais an mhargaidh maidir le corparáidí a luacháil sa ghníomhaíocht chéanna san áireamh. Déantar an t-idirbheart trí chomhaontú frithpháirteach, cé gur féidir gur beag rogha atá ag an iar-úinéir maidir leis an tairiscint a dhiúltú nó an praghas a chaibidlíú. Is idirbheart airgeadais é ceannach scaireanna atá le taifeadh sa chuntas airgeadais.
- 20.216 D'fhéadfadh an rialtas, mar eiseacht, úinéireacht a fháil ar chorparáid trí leithreasú/coigistiú: ní tharlaíonn an t-aistriú úinéireachta ar shócmhainní mar thoradh ar idirbheart a dhéantar trí chomhaontú frithpháirteach. Ní dhéantar aon íocaíocht leis na húinéirí, nó ní léiríonn íocaíocht dá leithéid luach cóir na sócmhainní. Tairfeadtair an difríocht idir margadhluach na sócmhainní a fhaightear agus aon chúiteamh a sholáthraítear mar urghabháil neamhchúitithe sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.

Idirbhearta leis an mbanc ceannais

20.217 Déanann an banc ceannais dhá chineál íocaíochtaí leis an rialtas sa chleachtas:

- (a) íocaíochtaí a dhéantar ar bhonn rialta, i bhfoirm díbhinní de ghnáth, bunaithe ar ghníomhaíocht reatha an bhainc cheannais (amhail cúlchistí airgeadraí eachtracha a bhainistiú). Taifeadtar na híocaíochtaí sin mar dhíbhinní ar an gcoinníoll nach mó ná tomhas ghlanioncaim oibriúcháin iad, a chuimsíonn glanioncam ó mhaoin, glan ó chostais agus ó aon aistrithe. Tá suimeanna sa bhreis ar an tsuim sin le taifeadadh mar laghdú ar chothromas;
- (b) íocaíochtaí eisceachtúla tar éis sócmhainní cúlchiste a dhíol nó a athluacháil. Ba cheart na híocaíochtaí sin a thaifeadadh mar aistarraingtí cothromais. Is é an réasúnaíocht atá leis sin ná go bhfuil tionchar ag luach sócmhainní den sórt sin ar luach dhliteanas cothromais an bhainc cheannais agus sócmhainní cothromais an rialtais. Dá bhrí sin, tá contrapháirt i sócmhainní cothromais an rialtais trí dhliteanas cothromais an bhainc cheannais ag gnóthachain sealúchais ar shócmhainní cúlchiste an bhainc cheannais.

Tá íocaíochtaí ó rialtas láir leis an mbanc ceannais le taifeadadh ar an gcaoi chéanna is a thaifeadtar iad i gcás corparáidí poiblí eile. Go háirithe, bíonn íocaíochtaí móra faoi réir na “tástála insteallta caipitil” chun nádúr na n-íocaíochtaí a chinneadh.

Athstruchtúráil, cumaisc, agus athaicmiú

20.218 Nuair a dhéantar corparáid phoiblí a athstruchtúráil, d’fhéadfadh sé go dtaispeánfaí nó go n-imeodh sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais agus na gaolmhaireachtaí airgeadais nua á léiriú. Taifeadtar na hathruithe sin mar athruithe ar aicmiú earnála agus ar struchtúr sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní. Sampla den chineál athstruchtúraithe sin is ea nuair a dheighiltar corparáid in dhá aonad institiúideacha nó níos mó agus nuair a chruthaítear sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais nua.

20.219 Mar sin féin, déantar ceannach scaireanna agus cothromais eile de chuid corparáide mar chuid de chumasc a taifeadadh mar idirbheart airgeadais idir an chorparáid cheannaigh agus an t-úinéir roimhe sin.

20.220 Aon athrú ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas nach mbaineann le hathstruchtúráil nó le hathruithe ar aicmiú earnála, amhail luach airgid a chur ar ór nó a bhaint de, taifeadtar é mar athrú ar aicmiú sócmhainní nó dliteanas sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.

Oibríochtaí fiachais

20.221 Féadfaidh tábhacht faoi leith a bheith ag baint le hoibríochtaí fiachais d’earnáil an rialtais ghinearálta, toisc go n-úsáideann an rialtas go minic iad chun cabhair eacnamaíoch a thabhairt d’aonaid eile. Tá modh taifeadta na n-oibríochtaí sin cumhdaithe i gCaibidil 5. Is é an prionsabal ginearálta a úsáidtear maidir le fiachas aonaid amháin a chealú nó a ghlacadh ag aonad eile, trí chomhaontú frithpháireach, a shainnithint go bhfuil aistriú deonach rachmais ann idir an dá aonad. Ciallaíonn sé sin gur aistriú caipitil é idirbheart contrapháirte an dliteanas a ghlactar nó an éilimh a chealaítear. Is féidir é sin a shainnithint mar aistriú caipitil comhchineáil toisc nach ngabhann aon sreabhadh airgid leis de ghnáth.

Fiachas a ghlacadh, fiachas a chealú agus fiachas a dhíscríobh*Fiachas a ghlacadh agus a chealú*

20.222 Tarlaíonn glacadh fiachais nuair a ghlacann aonad amháin freagracht as dliteanas atá le híoc ag aonad eile le creidiúnaí. Is minic a tharlaíonn sé sin i gcás inar ráthaíonn rialtas fiachas de chuid aonaid eile agus déantar í a ghníomhaíochtú nó a ghlao.

20.223 Nuair a ghlacann rialtas fiachas, is éard atá in idirbheart contrapháirte dhliteanas nua an rialtais aistriú caipitil i bhfabhar an fheichiúnaí mainneachtana. Ní foláir cás ina dtaifeadtar sócmhainn airgeadais mar chontrapháirt a scrúdú go cúramach. Tá dhá chomhthéacs dhífriúla ann:

- (a) faightear sócmhainn airgeadais iarbhír atá ann cheana i gcoinne tríú páirtí, amhail i gcás árachais onnmhairiúcháin ráthaithe. Ar an gcaoi sin, déanann an rialtas éadáil sócmhainne airgeadais atá cothrom leis an luach láithreach ar an tsuim a bhfuiltear ag súil lena fháil a thaifeadadh mar idirbheart contrapháirte a dhliteanas nua. Más ionann an tsuim sin agus an dliteanas ar glacadh leis, ní gá aon iontrálacha breise a dhéanamh. Más lú an tsuim a bhfuiltear ag súil lena fháil ná an dliteanas ar glacadh leis, déanann an rialtas aistriú caipitil a thaifeadadh i leith na difríochta idir an dliteanas a tabhaíodh agus luach na sócmhainne a fuarthas;
- (b) ní dhéanann an rialtas ach éileamh ar an gcorparáid is tairbhí a thaifeadadh, ar corparáid i gcrúachas í i bhformhór na gcásanna. De ghnáth, ós rud gur luach atá thar a bheith barúlach atá ar an éileamh seo, ní thaifeadtar an t-éileamh sin ar chor ar bith. Déanfaidh an rialtas aisíocaíochtaí féideartha arna ndéanamh ag an tairbhí amach anseo a thaifeadadh mar ioncam.

- 20.224 Tá íocaíochtaí fiachais thar ceann daoine eile cosúil le fiachais a ghlacadh, ach ní ghlacann an t-aonad a bhfuil na híocaíochtaí á ndéanamh aige leis an bhfiachas ina iomláine. Tá na hidirbhearta a thairfeadtar cosúil le chéile.
- 20.225 Is ionann cealú fiachais (nó maitheamh fiachais) agus múchadh nó laghdú éilimh trí chomhaontú idir an creidiúnaí agus an féichiúnaí. Tairfeadann an creidiúnaí aistriú caipitil iníochta i leith na suime a cuireadh ar ceal agus tairfeadann an t-aonad eile aistriú caipitil infhála. Glactar leis go minic go bhfuil comhaontú frithpháirteach ann ach ní dhéantar comhaontú foirmiúil ar eagla go bhforghéillfeadh an rialtas na héilimh, amhail iasachtaí do mhic léinn agus iasachtú d'fheirmeoirí.
- 20.226 Mar thoradh ar ghlacadh/cealú fiachais a chuirtear chun tairbhe eintitis rialaithe, méadaítear luach an chothromais san aonad a ndéantar infheistíocht ann, rud a thaispeántar sna cuntais athluachála. Sa chás gur ghlac rialtas eile fiachas rialtais ar láimh, tairfeadann sé ioncam ó aistrithe caipitil, agus fiachas nua i leith an aonaid rialtais a ghlac an fiachas ar láimh, nó an dá rud.
- 20.227 Glacadh/cealú fiachais a chuirtear i gcrích i gcomhthéacs an phríobháidithe, déantar iad a thairfeadh mar idirbhearta cothromais maidir leis an tsuim nach mó ná fáltais an phríobháidithe í, agus an chuid eile ina aistriú caipitil, d'fhonn neodracht cuntasáíochta an bhealaigh a ndéantar príobháidiú a áirithiú. Ní foláir príobháidiú a chur i gcrích laistigh de bhliain amháin.
- 20.228 Nuair a thairgeann rialtais fhiachacha an fiachas a aisíoc roimh ré, ar luach níos lú ná luach na príomhshuime, lena n-áirítear riaráistí úis, cuirtear iontráil sa chuntas caipitil de bharr an teagmhais sin a bhfuil tionchar aige ar ghlániasachtú/glániasachtaíocht an rialtais, toisc go nglactar leis go bhfuil sé beartaithe ag an gcreidiúnaí deontas a thabhairt. Nuair a chuireann fuascailt luath faoi deara pionós/táille a íoc leis an iasachtóir, ar léir é sa chonradh, ba cheart an tsuim a thairfeadh mar ioncam an iasachtóra. I gcás úrrús, cuireann athcheannach ar an margadh faoi deara iontráil a dhéanamh sna cuntais athluachála, mura bhforchuirfí an fuascailt luath ar shealbhóir na n-urrús.
- 20.229 Is é an toradh a bhíonn ar an difríocht sa luach i gcás éilimh rialtais ar rialtas eile a dhíol le tríú páirtí ná iontráil aistrithe caipitil sna cuntais chaipitil a mbeadh tionchar aige ar easnamh an rialtais, toisc go dtugann nádúr an éilimh le tuiscint go raibh sé i gceist ón tús sochar a thabhairt, agus gur modh atá sa díol chun athstruchtúrú fiachais a dhéanamh.
- 20.230 Dá thoradh sin, is ioncam de chuid an fhéichiúnaí é caiteachas an rialtais ar aistrithe caipitil, mar aitheantas gur fíorthairbhí an idirbhirt é, agus iontráil aige i gcuntas na coda eile den domhan atá cothrom le caiteachas an rialtais ar creidiúnaí é. I gcás an díoltóra, is ionann luach na príomhshuime agus luach an idirbhirt lenar diúscaíodh an t-éileamh. Rachadh luach an éilimh isteach i gcuntais an chreidiúnaí agus an fhéichiúnaí nua araon, i.e. i gclár comhardaithe an bhainc agus i gcuntais na coda eile den domhan faoi seach — don staid infheistíochta idirnáisiúnta, ag a luach laghdaithe.
- 20.231 Níos annaimhe fós, nuair nach léiríonn an lascaine a idirbheartaíodh le tríú páirtí nó le féichiúnaí a thairgeann a fhiachas a athcheannach athruithe ar rátaí úis an mhargaidh, seachas athrú ar an acmhainneacht creidmheasa, is féidir glacadh leis go bhfuil creidiúnaí an rialtais ag gníomhú mar ghnáth-infheisteoir. Déantar an difríocht, glan ó aon phionós nó táille, a iontráil sna cuntais athluachála. Tástáil amháin is ea é féachaint an sáróidh an tsuim a aisíocadh luach na príomhshuime.

Fiachas a ghlacadh lena ngabham aistriú sócmhainní neamhairgeadais

- 20.232 I gcomhthéacs ina bhfuil rialtas ag iarraidh ualach an fhiachais ar chorparáid phoiblí a mhaolú, féadfaidh sé freisin, anuas ar an bhfiachas ar ghlac an t-aonad rialtais leis, cúraimí sócmhainní neamhairgeadais, amhail bonneagar iompair phoiblí, a thógáil ar láimh. An t-idirbheart sin, eadhon an fiachas a ghlacadh ina n-aistrítear sócmhainní neamhairgeadais chuig an aonad rialtais, meastar go ndearnadh é trí chomhaontú frithpháirteach agus tá an tionchar céanna aige agus a bheadh ag fiachas a ghlacadh ar ghlániasachtú/glániasachtaíocht an rialtais: is ionann suim an aistrithe caipitil atá le tairfeadh i bhfabhar na corparáide agus suim an fhiachais ar glacadh leis. Tá éifeacht dhiúltach ar ghlániasachtú (+)/glániasachtaíocht (-) ag éadálacha sócmhainní neamhairgeadais.

Fiachais a dhíscríobh nó a dhíluacháil

- 20.233 Is é atá i gceist le fiachas a dhíscríobh laghdú ar an méid atá le híoc le creidiúnaí, a dhéanann an creidiúnaí ina chlár comhardaithe, go hiondúil nuair a chinneann creidiúnaí nach bhfuil aon luach, ná luach laghdaithe ar oibleagáid fiachais, toisc nach n-íocfar an fiachas; toisc go bhfuil an féichiúnaí ina fhéimheach, go bhfuil sé imithe as nó nach mbeadh bonn cirt leis go réadúil na costais a thabhoifaí dá rachfaí sa tóir air chun aisghabhála a fháil. Is é atá i gceist le díluacháil fiachas laghdú ar luach seilbhe sócmhainne, a dhéanann an creidiúnaí ina chlár comhardaithe.
- 20.234 Is bearta inmheánacha cuntasáíochta iad fiachais a dhíscríobh agus a dhíluacháil a dhéanann an creidiúnaí agus is minic nach n-aithnítear mar idirbhearta iad, toisc nach ndéantar iad trí chomhaontú frithpháirteach. Mar sin féin, tarlaíonn sé nach ionann díscríobh agus díluacháil fiachas agus neamhniú éilimh ar an bhféichiúnaí agus, dá bhrí sin, féadfár díluacháil fiachas, atá coitianta, agus díscríobh fiachas, nach bhfuil chomh coitianta, a aisiompú.

20.235 Ní chuireann díluacháil fiachas faoi deara iontrálacha a dhéanamh i gclár comhardaithe an chreidiúnaí toisc go léiríonn luach seilbhe an fhiachais margadhluach na hionstraimhe cheana féin nó toisc go bhfuil sé de réir luacha ainmniúil i gcás iasachtaí, ach amháin má chuirtear an luach díluacháilte na leabhar in ionad an mhargadhluacha (i gcás ina dtéann an díluacháil isteach sna cuntais athluachála). Mar chodarsnacht leis sin, cuireann fiachas a dhíscríobh faoi deara an tsócmhainn a ghlannadh de chlár comhardaithe an chreidiúnaí trí athrú eile ar an méid i leith na suime atá ann — luach na príomhshuime i gcás iasachta, margadhluach i gcás urrús – mura léiríonn an díscríobh teagmhas cealaithe fiachais. Mar sin, murab ionann agus fiachas a ghlacadh nó a chealú, níl aon tionchar ag na díscríbhinní fiachais ná ag na díluachálacha fiachais ar ghlániasachtú/ghlániasachtaíocht an rialtais.

Athstruchtúrú fiachas eile

20.236 Is ionann athstruchtúrú fiachas agus comhaontú chun athrú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha maidir le fiachas reatha a sheirbhísiú, ar théarmaí atá níos fabhraí don fhéichiúnaí, de ghnáth. Meastar go bhfuil an ionstraim fiachais atá á hathstruchtúrú múchta agus cuirtear ionstraim fiachais nua ina hionad i dteannta na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nua. Má tá difríocht ann idir luach na hionstraimhe fiachais múchta agus luach na hionstraimhe fiachais nua, is cineál cealaithe fiachais é agus tá gá le haistriú caipitil chun cuntas a thabhairt ar an difríocht.

20.237 Bíonn babhtáil fiachais ar chothromas ann nuair a chomhaontaíonn creidiúnaí urrús cothromais a chur in ionad fiachais atá dlíte dó. Mar shampla, d'fhéadfadh rialtas teacht ar chomhaontú le gnóthas poiblí atá faoina úinéireacht glacadh le méadú ar bhun cothromais an rialtais sna gnóthais phoiblí in ionad iasachta atá ann cheana. Ina leithéid de chás, ba cheart an teagmhas a chur faoi réir na tástála insteallta caipitil. Is ionann agus aistriú caipitil aon difríocht idir luach na hionstraimhe fiachais atá á múchadh agus an cothromas a shaináithnítear agus taifeadtar iontráil sna cuntais athluachála ina leith.

20.238 Bíonn riaráistí fiachais ann nuair a mhainníonn fiachóir íocaíocht úis nó príomhshuime a dhéanamh. Is iondúil nach n-athraíonn an ionstraim fiachais, ach má tá suimeanna na bhfiachas i riaráistí ar eolas is féidir faisnéis thábhachtach a fháil.

Fiachas a cheannach os cionn an mhargadhluacha

20.239 Maidir le héadail fiachais ar luach os cionn an mhargadhluacha, tugtar iasachtaí lamháltais orthu ag an tús, agus neamhniú fiachais níos déanaí. Beartaítear leis an dá cheann sochar a thabhairt agus, dá réir sin, ní foláir caiteachas amháil aistriú caipitil a thairfeadh.

20.240 Tarlaíonn neamhniú fiachais nuair a mheaitseálann fiachóir ionstraimí fiachais le sócmhainní airgeadais a bhfuil an t-insreabhadh céanna nó níos airde acu. Fiú nuair atá na hionstraimí neamhnithe aistriithe chuig eintiteas ar leithligh, ba cheart an suíomh comhlán a thairfeadh fós tríd an eintiteas nua a láimhseáil mar aonad coimhdeach agus é a chomhdhlúthú leis an aonad neamhnithe. Más aonad neamhchónaitheach an t-aonad coimhdeach, láimhseáiltear é mar eintiteas sainchuspóireach agus ba cheart idirbhearta an rialtais leis an aonad sin a láimhseáil mar a thuairiscítear sa roinn “Staidreamh ar airgeadas an rialtais a thíolacadh”.

20.241 Fiachas a eisítear ar théarmaí lamháltais. Níl aon sainmhíniú beacht ar iasachtaí lamháltais, ach glactar leis tríd is tríd go ndéantar iad nuair a thugann aonaid earnáil an rialtais ghinearálta iasachtaí d'aonaid eile ar bhealach a fhágann go bhfuil an ráta úis chonarthaigh socraithe d'aonghnó faoi ráta úis an mhargaidh a bheadh i bhfeidhm murach sin. Is féidir cur leis an méid lamháltais trí thréimhsí cairde, minicíochtaí íocaíochtaí, agus tréimhse aibíochta atá fabhrach don fhéichiúnaí. Ós rud é go bhfuil na téarmaí a bhaineann le hiasacht lamháltais níos fabhraí don fhéichiúnaí ná mar a d'fhéadfaidís a bheith faoi choinníollacha an mhargaidh murach sin, cuimsíonn iasachtaí lamháltais i ndáiríre aistriú ón gcreidiúnaí chuig an bhféichiúnaí.

20.242 Tairfeadtar iasachtaí lamháltais ag a luach ainmniúil díreach mar a dhéantar i gcás iasachtaí eile, ach tairfeadtar aistriú caipitil mar ítim le meabhrú ag túsphointe na hiasachta arb ionann é agus an difríocht idir luach conartha an fhiachais agus a luach láithreach agus ráta lascaine margaidh ábhartha á úsáid. Níl aon ráta úis margaidh aonair ann is ceart a úsáid chun an t-aistriú caipitil a thomhas. D'fhéadfaidís an Ráta Tagartha d'Ús Tráchtála arna fhoilsiú ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta a bheith infheidhme nuair a eisiúnn ceann de na ballstáit an iasacht.

Neamhniú agus tarrtháil

20.243 Ciallaíonn an téarma tarrtháil, slánú a fháil ó anáir airgeadais. Is minic a úsáidtear an téarma nuair a thugann an rialtas cúnaimh airgeadais gearrthéarmach do chorparáid chun cabhrú léi teacht slán as tréimhse anáir airgeadais nó nuair a thugann an rialtas instealladh acmhainní airgeadais níos buaine di chun cabhrú le hathchaipitliú na corparáide. Is minic a thagraítear dó tharrtháil institiúidí airgeadais mar neamhniú airgeadais. Is dóchúil go mbíonn idirbhearta aonuaire de luachanna móra i gceist leo, go mbíonn siad i mbéal an phobail agus gur furasta iad a shaináithint dá bhrí sin.

20.244 D'fhéadfaidís foirmeacha éagsúla a bheith ar idirghabháil an rialtais ghinearálta. Is samplaí iad an méid seo a leanas:

(a) d'fhéadfaidís rialtas dliteanais áirithe de chuid an ghnóthais a bhfuil cúnaimh le tabhairt dó a ráthú;

- (b) d'fhéadfadh rialtas maoiniú cothromais a sholáthar ar théarmaí fíorfhabhracha;
- (c) d'fhéadfadh rialtas sócmhainní a cheannach ón ngnóthas a bhfuil cúnaimh le tabhairt dó ar phraghsanna atá níos airde ná a bhfíor-margadhluach;
- (d) d'fhéadfadh rialtas eintiteas sainchuspóireach nó comhlacht poiblí de chineál eile a chruthú chun díolachán sócmhainní nó dliteanas an ghnóthais a bhfuil cúnaimh le tabhairt dó a mhaoiniú agus/nó a bhainistiú.
- 20.245 Láimhseáiltear ráthaíochtaí rialtais le linn tarrthála mar ráthaíochtaí aonuaire le heintitis in anás airgeadais. Sampla is ea é nuair nach féidir leis an eintiteas a oibleagáidí a chomhlíonadh nó go bhfuil deacrachtaí móra aige maidir leo toisc go bhfuil a chumas giniúna airgid teoranta nó go bhfuil teorainn ghéar lena chumas sócmhainní a thrádáil de bharr teagmhas eisceachtúil. Cuirfidh sé sin faoi deara aistriú caipitil a thairfeadh tráth an tionscanta de ghnáth, amhail is dá mba rud é gur glaoth an ráthaíocht, maidir leis an ráthaíocht iomlán a tugadh nó, i gcás ina bhfuil meastachán iontaofa ar fáil, don tsuim a bhaineann leis an nglaoch ionchais, ar cailleanas ionchais an rialtais é. Féach freisin mír 20.256.
- 20.246 Má cheannaíonn an rialtas sócmhainní ón ngnóthas a bhfuil cúnaimh le tabhairt dó, is iondúil go mbeidh an tsuim a íocfar os cionn fhíorphraghas margaidh na sócmhainní. Déantar an ceannach a thairfeadh ar phraghas iarbhír an mhargaidh agus déantar aistriú caipitil a thairfeadh i leith na difríochta idir praghas an mhargaidh agus an tsuim iomlán a íocadh.
- 20.247 Le linn tarrthála, is minic a cheannaíonn rialtais iasachtaí ó institiúidí airgeadais de réir a luachanna ainmniúla seachas de réir a margadhluachanna. Cé go dtairfeadtar iasachtaí ag praghsanna ainmniúla, déantar an t-idirbheart a dheighilt idir aistriú caipitil agus iontráil sna cuntais athluachála. Má tá faisnéis iontaofa ann nach féidir roinnt iasachtaí a aisghabháil, go hiomlán nó i leith a suime iomláine nach mór, nó mura bhfuil aon fhaisnéis iontaofa ann faoin gcaillteanas ionchais, déantar cuntas a thabhairt ar na hiasachtaí sin ag luach nialasach agus déantar aistriú caipitil a thairfeadh dá luach ainmniúil roimhe seo.
- 20.248 Má chruthaíonn an rialtas aonad institiúideach poiblí agus más é an t-aon dualgas amháin atá air an tarrtháil a bhainistiú, ba cheart an t-aonad a aicmiú in earnáil an rialtais ghinearálta. Má tá sé beartaithe gur gnóthas leanúnach a bheidh san aonad nua agus go mbeidh an tarrtháil mar chúram sealadach, aicmítear é mar aonad rialtais nó mar chorpáid phoiblí de réir na rialacha ginearálta a gcuirtear síos orthu sa roinn maidir le gníomhaireachtaí athstruchtúraithe thuas. Aonaid a cheannaíonn sócmhainní airgeadais ó chorpáidí airgeadais anásta d'fhonn iad a dhíol ar mhodh ordúil, ní féidir a mheas gur idirghabhálaithe airgeadais iad toisc nach gcuireann siad iad féin i mbaol. Aicmítear iad in earnáil an rialtais ghinearálta.

Ráthaíochtaí fiachais

- 20.249 Is é atá i ráthaíocht fiachais socrú ina gcomhaontaíonn ráthóir creidiúnaí a íoc má mhainníonn an féichiúnaí. I gcás an rialtais ghinearálta, is féidir bonn taca a chur faoi gníomhaíochtaí eacnamaíocha gan airgead a eisíoc láithreach trí ráthaíocht a thabhairt. Bíonn tionchar mór ag ráthaíochtaí ar iompraíocht na ngníomhairí eacnamaíocha trí na coiníollacha iasachtaithe agus iasachtaíochta ar mhargaí airgeadais a mhodhnú.
- 20.250 I gcás gach ráthaíochta, tá trí pháirtí i gceist: an t-iasachtóir, an t-iasachtaí, agus an ráthóir. Tairfeadtar stoic agus sreafaí na gaolmhaireachta creidmheasa idir an t-iasachtóir agus an t-iasachtaí ar dtús, agus i ndiaidh an ghlaio, déantar na stoic agus sreafaí a bhaineann leis an ngaolmhaireacht ráthaíochta a thairfeadh idir an t-iasachtóir agus an ráthóir. Is gá, dá bhrí sin, sreafaí agus athruithe i gléar comhardaithe an fhéichiúnaí, an chreidiúnaí, agus an ráthóra a thairfeadh chun ráthaíochtaí a ghníomhaíochtú.
- 20.251 Tá trí phríomhchineál ráthaíochta ann:
- (i) ráthaíochtaí a shásaíonn an sainmhíniú ar dhíorthach airgeadais;
 - (ii) ráthaíochtaí caighdeánaithe; agus
 - (iii) ráthaíochtaí aonuaire.

Ráthaíochtaí díorthach

- 20.252 Comhlíonann na ráthaíochtaí a thrádáiltear go gníomhach ar mhargaí airgeadais, amhail babhtálacha mainneachtana creidmheasa, an sainmhíniú ar dhíorthaigh airgeadais. Bheadh an díorthach bunaithe ar an riosca mainneachtana d'ionstraim thagartha agus ní gnách dó a bheith nasctha iarbhír le hiasacht ná banna aonair.

- 20.253 Nuair a thionscnaítear ráthaíocht den chineál sin, déanann an ceannaitheoir íocaíocht leis an institiúid airgeadais atá ag cruthú an díorthaigh. Taifeadtar é sin mar idirbheart díorthach airgeadais. Taifeadtar athruithe ar luach an díorthaigh mar athluachálacha. Má mhainníonn an ionstraim thagartha, íocann an ráthóir an ceannaitheoir as an gcaillteanas teoriciúil ar an mbanna tagartha. Taifeadtar é sin mar idirbheart díorthach airgeadais chomh maith.

Ráthaíochtaí caighdeánaithe

- 20.254 Cumhdaíonn ráthaíochtaí caighdeánaithe na cineálacha céanna riosca creidmheasa i gcuid mhór cásanna. Ní féidir an riosca go mainneofar aon iasacht amháin a íoc a mheas go cruinn ach is féidir a mheas cá mhéad iasachtaí as líon mór iasachtaí dá samhail, a mainneofar a íoc. Tá míniú ar an tslí ina láimhseáiltear ráthaíochtaí caighdeánaithe i gCaibidil 5.

Ráthaíochtaí aonuaire

- 20.255 Bíonn ráthaíochtaí aonuaire ann i gcás ina mbaineann coinníollacha ar leith leis an iasacht nó leis an urrús i dtreo is nach féidir an méid riosca a bhaineann leis an iasacht a ríomh go cruinn in aon chor. I bhformhór na gcásanna, meastar gur teagmhas é ráthaíocht aonuaire a thabhairt agus ní thaifeadtar é mar shócmhainn airgeadais/dliteanas airgeadais i gclár comhardaithe an ráthóra.
- 20.256 Mar eiseacht, i gcás roinnt ráthaíochtaí aonuaire a bhronnann rialtais ar chorparáidí in imthosca dea-shainithe áirithe ina bhfuil anás airgeadais i gceist (mar shampla i gcás ina bhfuil cistí dílse diúltacha ag an gcorparáid), a chuireann in iúl gur rídhóchúil go nglaofar iad, láimhseálfar iad amhail is dá mba rud é gur glaoth ráthaíochtaí den sórt sin tráth a dtionscanta (féach mír 20.245 chomh maith).
- 20.257 Láimhseáiltear gníomhaíochtú ráthaíochta aonuaire ar an dóigh chéanna is a láimhseáiltear glacadh fiachas. Déantar an fiachas bunaidh a leachtú agus cruthaítear fiachas nua idir an ráthóir agus an creidiúnaí. Tá sé intuigthe le fiachas a ghlacadh go dtaiifeadtar aistriú caipitil i bhfabhar an féichiúnaí mainneachtana. Déantar fritháireamh ar an aistriú caipitil trí idirbheart airgeadais, an dliteanas airgeadais a aistriú ón gcorparáid chuig rialtas.
- 20.258 D'fhéadfadh sé go gceanglófaí nó nach gceanglófaí le gníomhaíochtú na ráthaíochta an fiachas a aisíoc láithreach. Tugann an príonsabal um fhabhrú maidir le ham taifeada le tuiscint gur cheart méid iomlán an fhíachais a glacadh a thaifeadadh tráth a ghníomhaíochtaítear an ráthaíocht agus a ghlactar an fiachas. Is é an ráthóir an féichiúnaí nua, agus ba cheart aisíocaíochtaí príomhshuime arna ndéanamh ag an ráthóir agus fabhruithe úis ar an bhfiachas a glacadh a thaifeadadh nuair a tharlaíonn na sreafaí sin. Dá bhrí sin, mura bhfuil i gceist le glaoth ráthaíochtaí ach fónamh d'fhíachais atá dlite ar an bhfiachas le linn na tréimhse cuntasáíochta a ghlanadh, amhail i gcás glaoth ar airgead, taifeadtar aistriú caipitil i leith na suimeanna a glanadh. Má thugtar faoi deara, áfach, gur glaoth iad go páirteach agus go bhfuil patrún ann ina leith, amhail trí huaire as a chéile, agus go bhfuiltear ag súil go leanfar de sin, is iomchuí glacadh fiachais a thaifeadadh.
- 20.259 Nuair a aisíocann an féichiúnaí bunaidh an ráthóir i gcás inar taifeadadh caiteachas ar ráthaíocht a glaoth roimhe sin, déanann an ráthóir ioncam a thaifeadadh. Ba cheart an t-ioncam sin a thástáil de réir na tástála sárdhíbhinne, áfach, nuair atá an féichiúnaí faoi rialú an ráthóra, déantar aon bharrachas aisíocaíochta os cionn an ioncaim fhiontraíoch a thaifeadadh mar aistarraingtí cothromais.

Urrúsú

Sainmhíniú

- 20.260 Is éard atá in urrúsú urrúis a eisiúint ar bhonn sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leis gur sócmhainní, nó sreafaí ioncaim eile, a ghinfidh iad. Urrúis a bhraitheann ar shreafaí airgid ó shócmhainní, tugtar "urrúis de bhun sócmhainní" (ABS) orthu.
- 20.261 Is éard atá i gceist le hurrúsú go dtugann an tionscnóir cearta úinéireachta ar shócmhainní, nó ceart sreafaí áirithe sa todhcháí a fháil, d'aonad urrúsaithe a íocann suim leis an tionscnóir mar mhalairt air, as a fhoinsé mhaoinithe féin. Is minic a thugtar eintiteas sainchuspóireach ar an aonad urrúsaithe sin. Faigheann an t-aonad urrúsaithe a mhaoiniú féin trí urrúis a eisiúint ina n-úsáidtear na sócmhainní nó na cearta ar shreafaí sa todhcháí a d'aistrigh an tionscnóir mar chomhthaobhacht. Is í an phríomhcheist agus an íocaíocht ón aonad urrúsaithe leis an tionscnóir a thaifeadadh cinneadh a dhéanamh faoinar díolachán sócmhainne reatha leis an aonad urrúsaithe atá in aistriú na sócmhainne, nó an bealach iasachtaíochta é ag úsáid sreafaí ioncaim sa todhcháí mar chomhthaobhacht.

Critéir chun an díolachán a shainnithint

- 20.262 D'fhonn an t-urrúsú a láimhseáil mar dhíolachán, Ní mór sócmhainn indíolta a bheith i gclár comhardaithe rialtais cheana féin agus ní mór úinéireacht a aistriú go hiomlán chuig an aonad urrúsaithe, rud a bheidh le feiceáil in aistriú na rioscaí agus luach saothair atá nasctha leis an tsócmhainn.
- 20.263 Ar an gcaoi sin, is ionann urrúsú sreafaí ioncaim sa todhcháí nach n-aithnítear mar thoradh ar shócmhainní eacnamaíocha, amhail ríchíosanna ola sa todhcháí, agus iasachtaíochta a dhéanann an tionscnóir.

- 20.264 Nuair atá sreafaí a ghabhann le sócmhainn airgeadais nó neamhairgeadais, mar chuid d'urrús, ní mór go mbeadh gach riosca agus luach saothair a bhaineann leis na sócmhainní aistrithe ionas gur féidir díolachán a thairfeadh.
- 20.265 Má choinníonn rialtas leas tairbhiúil san urrúsú, trí mheán praghas ceannaigh iarchurtha, arb ionann é agus an ceart chun roinnt sreafaí breise a fháil thar bhunluach an urrúsaithe, nó an tráinse dheiridh, arna eisiúint ag an aonad urrúsaithe, a choinneáil nó ar bhealaí eile, ní mheastar gur tharla díolachán, agus is iasachtaíocht de chuid an tionscnóra é an teagmhas.
- 20.266 Má ráthaíonn rialtas, mar thionscnóir, aon fhiachas arna thabú ag an aonad urrúsaithe a bhaineann leis an tsócmhainn a aisíoc, níor aistríodh rioscaí a ghabhann leis an tsócmhainn. Níor tharla aon díolachán agus is ionann an teagmhas agus iasachtaíocht de chuid an tionscnóra. Is féidir cineálacha éagsúla ráthaíochtaí a bheith ann amhail conarthaí árachais, díorthaigh, nó clásail ionadaithe sócmhainní.
- 20.267 Má chinntear go bhfuil fiordhíolachán sócmhainne indíolta i gceist leis an gconradh urrúsaithe, ní foláir aicmiú eárnála an aonaid urrúsaithe a scrúdú. Tá critéir leagtha síos sa roinn "Aonaid sa rialtas a shainithint" le fáil amach an aonad urrúsaithe an t-aonad institiúideach nó nach ea agus an bhfuil feidhm idirghabhála airgeadais aige. Má aicmítear an t-aonad urrúsaithe in eárnáil an rialtais, is iasachtaíocht rialtais an t-urrúsú. Má aicmítear an t-aonad urrúsaithe mar idirghabhálaí airgeadais eile (S.125), tuairisceofar an t-urrúsú mar dhíolachán sócmhainní dá bhrí sin: gan aon tionchar díreach aige ar fhiachas an rialtais, agus tionchar aige ar easnamh rialtais má bhaineann na sreafaí urrúsaithe le sócmhainn neamhairgeadais.
- 20.268 Má chuireann an rialtas cúiteamh ar fáil, i bhfoirm airgid tar éis an teagmhais, nó modhanna eile amhail ráthaíochtaí, agus aistriú rioscaí á mbaint ar an gcaoi sin, déantar urrúsú ar breathnaíodh air mar dhíolachán ó thús a aicmithe ón tráth sin mar iasachtaíocht, leis na hidirbhearta seo a leanas: dliteanas a thabú agus sócmhainní a fháil mar éadail ina bhfuil caiteachas ar aistriú caipitil i gcás inar mó luach an dliteanas ná luach na sócmhainne.

Sreafaí a thairfeadh

- 20.269 Nuair a thairfeadtar oibríocht urrúsaithe mar iasachtaíocht, déantar na sreafaí airgid a aistrítear chuig an aonad urrúsaithe a thairfeadh i gcuntais an rialtais ar dtús agus tairfeadtar iad go comhuaineach mar aisíoc fiach, ús agus príomhshuim araon.
- 20.270 Nuair a mhúchann sreafaí airgid réamh-amúchadh an fhiachais a tabhaíodh roimhe sin, glantar an dliteanas atá fágtha ó chlár comhardaithe an rialtais trí athrú eile ar an méid.
- 20.271 Tar éis an fiachais a tabhaíodh a mhúchadh go hiomlán, tairfeadtar aon sreafaí airgid atá fágtha agus a aistríodh chuig an aonad urrúsaithe i gcomhréir leis an gconradh urrúsaithe mar chaiteachas de chuid an tionscnóra.

Saincheisteanna eile

Oibleagáidí pinsin

- 20.272 Déantar cur síos ar an tslí a láimhseáiltear scéimeanna pinsin i gCaibidil 17 lena n-áirítear tábla forlíontach a ghabhann le bunchuntais náisiunta CCE ina bhfuil cuntas le tabhairt ar oibleagáidí uile na scéimeanna pinsin, lena n-áirítear oibleagáidí scéimeanna pinsin a eascraíonn as scéimeanna slándála sóisialta. Tá teidlíochtaí pinsean na scéimeanna sochar sainithe neamhchistithe stát-urraithe a bhaineann le fostaíocht le tairfeadh sna cuntais fhorlíontacha agus iontu sin amháin.

Íocaíochtaí cnapshuime

- 20.273 Ó am go chéile, d'fhéadfadh aonaid cnapshuim a íoc leis an rialtas mar mhalairt ar roinnt dá n-oibleagáidí pinsin a ghlacadh ar láimh. Tarlaíonn idirbhearta móra den chineál sin idir rialtas agus aonad eile, ar corparáid phoiblí de ghnáth é, agus bíonn baint ag na hidirbhearta go minic le hathrú ar stádas na corparáide, nó le príobháidíú na corparáide. Is gnách don rialtas na hoibleagáidí atá i gceist a ghlacadh mar mhalairt ar íocaíocht airgid a chumhdaíonn an t-easnamh ionchais a bheidh de thoradh ar an aistriú.
- 20.274 Ó thaobh coincheap de, toisc gurb é atá i gceist airgead a mhalartú ar thabú oibleagáide cothrom le dliteanas, níor cheart don idirbheart tionchar a imirt ar ghlanfhiúchas agus ar ghlanfhiúchas airgeadais, agus níor cheart dó glaniasachtú/glaniasachtaíocht an rialtais a athrú. Ach, féadfaidh sé nach dtaispeánfar an oibleagáid phinsin mar dhliteanas ar chlár comhardaithe ceachtar de na haonaid a bhfuil oibleagáidí á n-aistriú agus á nglacadh ar láimh acu. Mar shampla, nuair a aistrítear chuig an rialtas é, féadfar na hoibleagáidí pinsin a chumas le scéim slándála sóisialta, nach sainaithnítear aon dliteanas ina leith.

20.275 Sa chomhthéacs sin, ba cheart breathnú ar íocaíocht chnapshuime den chineál sin mar réamhíocaíocht ar ranníocaíochtaí sóisialta. Agus na socrúithe éagsúla a urramaítear sa chleachtas á gcur san áireamh agus i dtreo is nach gcuirfear ríomh roinnt comhiomlán as riocht, amhail costais saothair, tobhaigh éigeantacha, déantar an chnapshuim a thaifeadadh mar airleacan airgeadais (F.8), réamhíocaíocht i leith aistrithe ilghnéitheacha reatha (D.75) a thaifeadtar sa todhchaí i gcomhréir leis na híocaíochtaí pinsin lena mbaineann. Mar thoradh air sin, ní bhíonn aon tionchar ag an íocaíocht chnapshuime ar ghlániasachtú/ghlániasachtaíocht an rialtais ghinearálta sa bhliain ina n-aistrítear na hoibleagáidí.

Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí

Raon feidhme na gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí

20.276 Is éard atá i gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPP) conarthaí casta fadtéarmacha idir dhá aonad, ar corparáid ceann acu de ghnáth (nó grúpa corparáidí, príobháideacha nó poiblí) dá ngairtear an t-oibreoir eacnamaíoch nó an comhpháirtí, agus ar aonad rialtais é an ceann eile dá ngairtear an deontóir. I gcás comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí bíonn caiteachas suntasach caipitil i gceist agus an corparáid i mbun sócmhainní seasta a chruthú nó a athchóiriú, agus bainistíonn agus oibríonn an corparáid na sócmhainní ansin chun seirbhísí a tháirgeadh agus a sholáthar don aonad rialtais nó don phobal i gcoitinne thar ceann an aonaid phoiblí.

20.277 Ag deireadh an chonartha, is iondúil go bhfaigheann an deontóir úinéireacht dhlíthiúil na sócmhainní seasta. Baineann na sócmhainní seasta i bhformhór na gcásanna le bunseirbhís poiblí éigin amhail scoileanna nó ollscoileanna, ospidéal, agus príosúin. Féadfadh gur sócmhainní bonneagair iad freisin mar baineann go leor tionscadal mór arna ndéanamh trí bhíthin comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí le soláthar iompair, teileachumarsáide, fónas, nó seirbhísí eile a thuairiscítear mar sheirbhísí bonneagair.

20.278 Seo a leanas tuairisc ghinearálta a chuimsíonn na fadhbanna cuntasaitochta is coitianta: comhaontaíonn corparáid coimpléasc sócmhainní seasta a fháil agus na sócmhainní sin mar aon le hionchur eile an táirgthe a úsáid chun seirbhísí a sholáthar. Féadtar na seirbhísí sin a sholáthar don rialtas, chun iad a úsáid mar ionchur i dtáirgeadh an rialtais féin, amhail seirbhísí cothabhála mótarfheithiclí, nó chun iad a dháileadh ar an bpobal saor in aisce, amhail seirbhísí oideachais, agus sa chás sin déanfaidh an rialtas íocaíochtaí tréimhsiúla le linn thréimhse an chonartha agus beidh an corparáid ag súil go bhfaighidh sí na costais ar ais agus go dtuillfidh sí ráta toraidh sásúil ar a cuid infheistíochta ó na híocaíochtaí sin.

20.279 Baineann conarthaí CPP faoin sainmhíniú sin leis an deontóir a bheith ag íoc táillí “infhaighteachta” nó “éilimh” leis an oibreoir eacnamaíoch, agus gurb ionann iad agus socrú soláthair. Murab ionann agus conarthaí seirbhíse fadtéarmacha eile, cruthaítear sócmhainn thiomnaithe. Ar an gcaoi sin, tugann conradh CPP le tuiscint go gceannaíonn an rialtas seirbhís arna táirgeadh ag comhpháirtí trí shócmhainn a chruthú. Is féidir go leor éagsúlachtaí a bheith i gconarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí maidir le comhdhéanamh na sócmhainní ag deireadh an chonartha, oibriú agus cothabháil riachtanach na sócmhainní le linn an chonartha, praghas, caighdeán agus méid na seirbhísí a tháirgtear agus mar sin de.

20.280 Nuair a dhíolann an corparáid na seirbhísí díreach leis an bpobal, mar shampla, trí bhóthar dola, féachtar ar an gconradh mar lamháltas seachas mar CPP. Rialaíonn an rialtas an praghas go rialta agus socraítear é ar leibhéal ar a bhfuil an corparáid ag súil go mbeidh sé in ann a chostais a fháil ar ais agus ráta toraidh sásúil a thuilleamh ar a chuid infheistíochta. Ag deireadh thréimhse an chonartha, féadfaidh an rialtas úinéireacht dhlíthiúil a fháil agus cúram oibriúcháin a ghlacadh ar na sócmhainní, b'fhéidir gan íocaíocht.

20.281 I gconartha comhpháirtíochta príobháidí poiblí, faigheann an corparáid na sócmhainní seasta agus is í úinéir dlíthiúil na sócmhainní le linn thréimhse an chonartha í, i gcásanna áirithe le cabhair ón rialtas. Uaireanta ceanglaítear faoin gconradh, go gcomhlíonfaidh na sócmhainní na critéir dheartha, chaighdeán, agus acmhainneachta atá sonraithe ag an rialtas, go n-úsáidfeadh iad ar mhodh atá sonraithe ag an rialtas chun na seirbhísí a cheanglaítear faoin gconradh a tháirgeadh, agus go gcothabhálfar iad de réir caighdeán atá sonraithe ag an rialtas.

20.282 Anuas air sin, is iondúil go mbíonn ré seirbhíse na sócmhainní i bhfad níos faide ná thréimhse an chonartha ionas gur féidir le rialtas na sócmhainní a rialú, na rioscaí a iompar agus na sochair a fháil, do chuid mhór de ré feidhme na sócmhainní. Ar an gcaoi sin, is minic gur deacair a chinneadh an í an corparáid nó an é an rialtas a iompraíonn tromlach na rioscaí agus a bhaineann leas as tromlach na sochar.

Úinéireacht eacnamaíoch agus leithdháileadh sócmhainne

20.283 Faoi mar a tharlaíonn le léasanna, socraítear úinéir eacnamaíoch na sócmhainní a bhaineann le comhpháirtíocht phríobháideach poiblí trí mheasúnú a dhéanamh ar cén t-aonad a iompraíonn formhór na rioscaí agus cén t-aonad is dócha a gheobhaidh formhór na sochar ó na sócmhainní. Leithdháilfeadh an tsócmhainn ar an aonad sin, agus an t-ollfhoirmiú caipitil sheasta dá bharr sin. Is iad na príomhghnéithe riosca agus sochair a bhfuil anailís le déanamh orthu:

- (a) riosca tógála, lena n-áirítear costais thar sprioc, an fhéidearthacht go ngearrfaí costais bhreise as an seachadadh a bheith déanach agus as gan sonraíochtaí ná cóid tógála a chomhlíonadh, agus rioscaí comhshaoil agus eile ar gá íocaíochtaí a thabhairt do thrú páirtithe dá réir;

- (b) riosca infhaighteachta, lena n-áirítear an fhéidearthacht go ngearrfaí costais bhreise amhail cothabháil agus maoiniú, agus go ngearrfaí pionóis toisc nach gcoíonn líon nó caighdeán na seirbhísí leis na caighdeáin atá sonraithe sa chonradh;
- (c) riosca éilimh, lena n-áirítear an riosca go mb'fhéidir gur mó nó gur lú an t-éileamh ar sheirbhísí ná mar a bhíothas ag súil leis;
- (d) riosca luacha iarmharaigh agus riosca difheidhmeachta, lena n-áirítear an riosca go mbeidh luach na sócmhainne níos lú ná a luach ionchais ag deireadh thréimhse an chonartha agus an méid rogha atá ag an rialtas chun na sócmhainní a fháil;
- (e) ráthaíochtaí maoinithe nó deonaithe nó clásail fhoirceanta thairbhiúla a bheith ann, go mór mór ar theagmhais fhoirceanta a gcuireann an t-oibreoir eacnamaíoch tús leo.
- 20.284 Meastar gur leis an oibreoir eacnamaíoch na rioscaí agus na sochair i gcás ina bhfuil an riosca tógála nó ceachtar den riosca infhaighteachta nó an riosca éilimh aistrithe go héifeachtach. Ráthaíochtaí um maoiniú tromlach, a chumhdaíonn tromlach na gclásal maoinithe, tobhaithe nó foirceanta lena bhforáiltear tromlach an mhaoinithe a aisíoc le soláthraí an mhaoinithe i gcás teagmhas foirceanta a gcuireann an t-oibreoir eacnamaíoch tús leo, cuireann siad faoi deara nach n-aistrítear aon cheann de na rioscaí seo i ndáiríre.
- 20.285 Anuas air sin, toisc go bhfuil conarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí chomh sainiúil sin, agus sócmhainní casta i geist leo, agus nuair nach bhfuil an measúnú ar rioscaí agus ar shochair dochloíte, is ceist ábhartha é, cén t-aonad a bhfuil tionchar cinntitheach aige ar nádúr na sócmhainne agus conas a chinntear téarmaí agus coinníollacha na seirbhísí a sholáthraítear leis an tsócmhainn, go háirithe:
- (a) a mhéid is a chinneann an rialtas dearadh, caighdeán, méid, agus cothabháil na sócmhainní;
- (b) a mhéid is atá an rialtas in ann na seirbhísí a sholáthraítear, na haonaid dá soláthraítear na seirbhísí sin, agus praghsanna na seirbhísí a tháirgtear, a chinneadh.
- 20.286 Ní foláir forálacha gach comhpháirtíochta príobháidí poiblí a mheasúnú chun a chinneadh cén t-aonad é an t-úinéir eacnamaíoch. I ngeall ar chastacht agus ar éagsúlacht comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, ba cheart fíricí agus dálaí gach conartha a mheas, agus an láimhseáil is fearr a léiríonn na gaolmhaireachtaí eacnamaíocha bunúsacha, ó thaobh cuntasáíochta de, a roghnú ansin.
- Saincheisteanna cuntasaíochta**
- 20.287 Má dhéantar measúnú ar an gcorparáid mar an chorparáid arb é an t-úinéir eacnamaíoch é agus má tharlaíonn sé — mar a tharlaíonn go minic — go mbeidh an rialtas ina úinéir eacnamaíoch agus dlíthiúil ag deireadh an chonartha gan íocaíocht fhollasach a dhéanamh, déantar idirbheart a thairfeadh i leith na sócmhainní sin a fháil mar éadail ag an rialtas. D'fhéadfaí cur chuige ginearálta amháin a úsáid, ina gcuireann an rialtas de réir a chéile le héileamh airgeadais agus ina dtabhaíonn an chorparáid dliteanas comhfhreagrach de réir a chéile i dtreo is go mbeidh luach an dá cheann cothrom le luach iarmharach ionchais na sócmhainní ag deireadh thréimhse an chonartha. Is gá idirbhearta airgeadaíochta reatha a atheagrú nó idirbhearta nua a chruthú agus toimhdí faoi luachanna sócmhainní agus rátaí úis ionchais á n-úsáid chun an cur chuige seo a chur i bhfeidhm. Tugann sé sin le tuiscint go mbeidh na híocaíochtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí le deighilt, nuair nach bhfuil an tsócmhainn chomhpháirtíochta príobháidí poiblí ar chlár comhardaithe an rialtais, i gcomhpháirt a sheasann don shócmhainn airgeadais a fháil mar éadail.
- 20.288 Cur chuige eile is ea an t-athrú ar úinéireacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch a thairfeadh ag an deireadh mar aistriú caipitil comhchineáil. Níl an cur chuige aistrithe caipitil inchurtha leis ó thaobh na réaltachta eacnamaíche is bun leis a léiriú, ach d'fhéadfadh sé a bheith stuama aistriú caipitil a úsáid i ngeall ar shrianta sonraí, éiginnteacht faoi luach iarmharach ionchais na sócmhainní, agus ar fhorálacha conartha faoinar féidir le ceachtar den dá chomhpháirtí roghanna éagsúla a dhéanamh.
- 20.289 Tagann fadhb thábhachtach eile chun cinn nuair a mheasúnaítear gurb é an rialtas úinéir eacnamaíoch na sócmhainní ach nuair nach ndéanann sé aon íocaíocht fhollasach ag tús an chonartha. Ní foláir idirbheart a chruthú chun an éadail a bhaint amach. Is é an moladh is coitianta an éadail a dhéanamh le léas airgeadais barúlach mar gheall ar an gcosúlacht leis na léasanna airgeadais iarbhir. Braitheann cur i bhfeidhm na rogha sin, áfach, ar fhorálacha sainiúla an chonartha, ar an tslí ina léirítear iad agus ar thosca eile nach iad, b'fhéidir. Mar shampla, féadfar iasacht a dhéanamh barúlach agus féadfar íocaíochtaí iarbhir rialtais leis an gcorparáid, más ann dóibh, a atheagrú ionas go bhfuil cuid de gach íocaíocht in ionannas le haisíocaíocht na hiasachta. Sa chás nach bhfuil aon íocaíochtaí iarbhir rialtais ann, d'fhéadfaí idirbhearta neamhairgeadaíochta a chruthú i leith na n-íocaíochtaí iasachta. D'fhéadfadh réamhíocaíocht ar léas oibriúcháin a bheith ina modh íocaíochta eile don rialtas chun íoc as an tsócmhainn, más léas barúlach an léas oibriúcháin nó más sócmhainn inláimhsithe é chun ceart a thabhairt don chorparáid teacht ar shócmhainní le seirbhísí a tháirgeadh.

20.290 Is fadhb thábhachtach eile táirgeadh a thomhas. Beag beann ar na cinntí a dhéantar faoin aonad atá ina úinéir eacnamaíoch ar na sócmhainní le linn thréimhse an chonartha a shainaitheint agus faoi na bealaí ina bhfaigheann an rialtas iad faoi dheireadh, ba cheart féachaint chuige go ndéanfar táirgeadh a thomhas go cruinn. Tá roghanna anseo freisin, agus braitheann a fheabhas agus atá siad ar an gcás ar leith agus ar shonraí a bheith ar fáil. Tagann deacrachtaí chun cinn nuair a mheasúnaítear gurb é an rialtas úinéir eacnamaíoch na sócmhainní ach nuair a úsáideann corparáid na sócmhainní chun seirbhísí a sholáthar. Is inmhianaithe é luach na seirbhísí caipitil a léiriú mar chostas táirgthe na corparáide, ach d'fhéadfadh sé go n-éileodh sé sin léas oibriúcháin a dhéanamh barúlach, agus d'fhéadfadh sé go n-éileodh sé sin ar a uain na hidirbhearta iarbhir a atheagrú nó idirbhearta neamhairgeadaíochta a chruthú chun na híocaíochtaí léasa a shainaitheint. Rogha eile a bheadh i gcostas na seirbhísí caipitil a thaispeáint i gcuntas táirgeachta earnáil an rialtais ghinearálta ach aschur an rialtais a aicmiú sa tslí chéanna ina n-aicmítear aschur na corparáide ionas go bhfuil an t-aschur iomlán sa gheilleagar aicmithe mar is ceart.

Idirbhearta le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus fornáisiúnta

20.291 Maidir le hidirbhearta a tharlaíonn idir aonaid chónaitheacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó fornáisiúnta, aicmítear iad sa chuid eile den domhan.

20.292 Baineann sampla amháin d'idirbhearta den chineál sin le cónaitheigh neamhrialtais agus institiúidí an Aontais Eorpaigh, nuair a mheastar gurb iad sin na príomhpháirtithe san idirbheart cé go gcomhlíonann aonaid rialtais ról mar ghníomhaire idirghabhála ó thaobh cistí a threorú. Déantar na príomhidirbhearta a thaifeadh díreach idir an dá pháirtí agus níl tionchar aige ar earnáil an rialtais. Taifeadtar ról an rialtais mar idirbheart airgeadais (F.89).

20.293 Tá taifeadh idirbheart sonracha idir cónaitheigh náisiúnta agus institiúidí an Aontais Eorpaigh leagtha amach thíos do chatagóirí éagsúla:

(a) cánacha: Tá roinnt cánacha ar tháirgí, amhail dleachtanna ar allmhairí agus máil, iníochta le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh nó le heagraíochtaí fornáisiúnta eile. Trí chatagóir atá iontu:

(1) na suimeanna atá iníochta go díreach, amhail, san am atá caite, tobhach an Chomhphobal Eorpaigh do Ghual agus Cruach, a ghearrtar ar eintitis a tháirgeann iarann agus cruach, a dhéantar a thaifeadh go díreach;

(2) na suimeanna is féidir le rialtais náisiúnta a bhailiú mar ghníomhairí thar ceann an Aontais Eorpaigh nó thar ceann eagraíochtaí fornáisiúnta eile, ach ina meastar go bhfuil an cháin iníochta díreach ag na táirgeoirí cónaitheacha. Is samplaí iad tobhaigh ar tháirgí talmhaíochta allmhairithe, suimeanna cúiteacha airgeadaíochta arna dtobhach ar allmhairí agus ar onnmhairí, tobhaigh ar tháirgeadh síúcra agus an cháin ar íseaglúcóis, cánacha comhfhreagracha ar bhainne agus ar ghránaigh, agus dleachtanna custaim arna dtobhach ar bhonn Tharaif Chomhtháite na gComhphobal Eorpach. Taifeadtar itimí den sórt sin sin díreach ó na táirgeoirí go dtí an eagraíocht fhornáisiúnta, agus ról an rialtais mar idirghabhálaí á thaifeadh mar idirbheart airgeadais;

(3) suimeanna infhála de cháin bhreisluacha i ngach Ballstát. Taifeadtar iad mar shuimeanna infhála ag rialtais náisiúnta, agus na suimeanna a sholáthraíonn Ballstáit don Aontas Eorpach á dtaifeadh mar aistriú reatha (D.76). Is é am taifeadta an aistriithe ón rialtas an tráth atá sé le híoc;

(b) fóirdheontais: déantar aon fhóirdheontais atá iníochta díreach ag eagraíochtaí fornáisiúnta le táirgeoirí cónaitheacha a thaifeadh mar shuimeanna iníochta díreach ag an eagraíocht fhornáisiúnta seachas ag aonaid rialtais cónaitheach. Ar an gcaoi chéanna, déantar fóirdheontais iníochta le táirgeoirí cónaitheacha arna treorú trí aonaid rialtais mar idirghabhálaithe a thaifeadh díreach idir na príomhpháirtithe, ach cruthaíonn siad iontrálacha chomh maith i gcuntais eile infhála/iníochta (F.89) i gcuntais airgeadais an rialtais;

(c) aistriithe reatha ilghnéitheacha: ranníocaíochtaí le buiséad an Aontais Eorpaigh ó Bhallstáit i leith na n-íocaíochtaí don tríú agus don cheathrú cineál, a ceapadh ionas go mbeadh a chuid acmhainní féin ag an Aontas Eorpach. Ríomhtar an tríú hacmhainn trí ráta comhréidh a chur i bhfeidhm maidir le bonn na cánach breisluacha i ngach Ballstát. Tá an ceathrú hacmhainn bunaithe ar ollioncam náisiúnta gach Ballstáit. Meastar gur aistriithe éigeantacha ó rialtais chuig an Aontas Eorpach iad íocaíochtaí den sórt sin. Aicmítear iad mar aistriithe reatha ilghnéitheacha agus taifeadtar iad nuair atá siad dlite le híoc;

(d) comhar idirnáisiúnta reatha: déantar tromlach na n-aistriithe reatha eile, in airgead nó i gcomhchineál, idir an rialtas agus aonaid neamhchónaitheacha, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, a aicmiú mar chomhar idirnáisiúnta reatha. Cuimsíonn sé seo cabhair reatha do thíortha i mbéal forbartha, pá atá iníochta le múinteoirí, le comhairleoirí agus le gníomhairí rialtais eile atá ag gníomhú thar lear etc. Tá sé ar cheann de na saintríthe a bhaineann le comhar idirnáisiúnta reatha gur aistriithe a dhéantar ar bhonn deonach é;

- (e) aistrithe caipitil: deontais infheistíochta, in airgead nó i gcomhchineál, agus aon aistrithe caipitil eile, go háirithe mar idirbheart contrapháirte i leith fiachais a chealú nó a ghlacadh, féadfaidh siad a bheith iníoctha le heagraíocht idirnáisiúnta nó fhornáisiúnta nó infhála uathu;
- (f) idirbhearta airgeadais: féadfar roinnt idirbheart airgeadais, iasachtaí de ghnáth, a thaifeadh nuair a dheonaíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta iad, amhail an Banc Domhanda agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Déantar infheistíochtaí rialtais i gcaipiteal eagraíochtaí idirnáisiúnta agus fornáisiúnta seachas an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a aicmiú mar chothromas eile (F.519), ach amháin murar féidir iad a aisíoc agus, sa chás sin, aicmítear mar chomhar idirnáisiúnta reatha iad.
- 20.294 Déanann institiúidí an Aontais Eorpaigh aistrithe reatha agus aistrithe caipitil suntasacha trí chistí struchtúracha amhail Ciste Sóisialta na hEorpa, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe. Féadfaidh sé gur aonaid rialtais nó aonaid neamhrialtais iad tairbhíthe deiridh aistrithe den sórt sin.
- 20.295 Is minic a ghabhann cómhaoiniú le deontais a íoctar as cistí struchtúracha, nuair a chomhchistíonn an tAontas Eorpach infheistíocht a rinne an rialtas. Féadfaidh meascán réamhíocaíochtaí a bheith ann, íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh, a fhéadfar a threorú trí aonad rialtais amháin ar a laghad. Féadfaidh aonaid rialtais chónaitheacha réamhíocaíochtaí a dhéanamh freisin i leith na bhfáltais a bhfuiltear ag súil leo ón Aontas Eorpach.
- 20.296 Nuair is aonaid neamhrialtais na tairbhíthe, taifeadtar aon íocaíochtaí a dhéanann an rialtas roimh fháltais airgid an Aontais Eorpaigh a fháil mar idirbhearta airgeadais i gcuntais eile infhála/iníoctha. Is é an tAontas Eorpach contrapháirt an idirbhirt neamhairgeadais, má tá pointe fabhráithe an idirbhirt neamhairgeadais tarlaithe, murach sin is é an tairbhí é. Leachtaítear suíomhanna na gcuntas infhála/iníoctha nuair a íoctar an t-airgead.
- 20.297 Is é am taifeadta na n-aistrithe caiteachais cómhaoinithe rialtais an tráth a dtugtar údarú an Aontais Eorpaigh.
- 20.298 Féadfaidh airleacain an rialtais an tsuim atá ceadaithe a shárú i ndálaí áirithe ar an gcoinníoll go gcinntear é seo sa phróiseas údaraithe. Más féidir leis an tairbhí an tsuim sa bhreis a aisíoc, leachtaíonn sé seo na cuntais eile iníoctha atá aige leis an rialtas. Murar féidir leis an tairbhí í a aisíoc, taifeadtar aistriú caipitil ón rialtas a chealaíonn na cuntais eile iníoctha sa chás sin.
- 20.299 Nuair is aonaid rialtais na tairbhíthe tugtar an t-ioncam rialtais ar aghaidh chun am an chaiteachais a mheaitseáil, ar beart é nach gclóíonn leis na gnáthrialacha maidir le ham taifeadta d'aistrithe den chineál sin. Má tá aga moille suntasach idir an caiteachas rialtais atá ag tarlú agus an t-airgead atá á fháil, is féidir an t-ioncam a thaifeadh nuair a chuirtear an t-éileamh isteach chuig an Aontas Eorpach; níl sé seo infheidhme ach amháin i gcás: nach bhfuil faisnéis iontaofa ar fáil faoi am an chaiteachais; nó i gcás go bhfuil na suimeanna rómhór; nó i gcás ina bhfuil an t-aga moille idir an caiteachas agus an t-éileamh a chur isteach róghearr.
- 20.300 Déantar gach réamhíocaíocht ón Aontas Eorpach le haonaid rialtais mar thairbhíthe deireanacha ar thionscnamh clár ilbhlianta a thaifeadh mar airleacain airgeadais.

Cúnamh forbartha

- 20.301 Tugann rialtais cúnamh do thíortha eile trí chistí a thabhairt ar iasacht ag ráta úis ar lú d'aonghnó é ná ráta úis an mhargaidh d'iasacht a bhfuil riosca inchoimparáide ag baint léi (iasachtaí lamhála mar a gcuirtear síos orthu sa roinn "Saincheisteanna cuntasíochta a bhaineann leis an rialtas ginearálta", "Oibríochtaí fiachais"), nó trí dheontais in airgead agus i gcomhchineál.
- 20.302 Is minic a chruthaítear deacrachtaí nuair a thaifeadtar cúnamh idirnáisiúnta trí dheontais chomhchineáil, amhail stoic bhia a sheachadadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh praghsanna na n-earraí agus na seirbhísí atá á seachadadh i gcomhchineál, amhail stoic bhia, sa tír atá á bhfáil, éagsúil go mór leis na praghsanna sa tír a dheonaíonn iad. Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart a mheas gurb ionann luach an tabhartais don fhaighteoir agus an costas a ghabhann le cónamh a thabhairt don fhaighteoir. Dá bhrí sin, ba cheart praghsanna sa tír bhronntach a úsáid mar bhonn chun luach an tabhartais a ríomh. Anuas ar na hearraí agus na seirbhísí iad féin, ba cheart gach costas forlíontach a aithnítear mar cheann a bhaineann le soláthar na n-earraí agus na seirbhísí seo a áireamh, amhail iompar go dtí an tír eachtrach, seachadadh laistigh den tír sin, cúiteamh a thabhairt d'fhostaithe rialtais na tíre briontaí chun na lastais a ullmhú agus seachadadh na lastas a mhaoirsiú, árachas, agus mar sin de.

AN EARNÁIL PHOIBLÍ

20.303 Is é atá san earnáil phoiblí rialtas ginearálta agus corparáidí poiblí. Tá na gnéithe a dhéanann suas an earnáil phoiblí i struchtúr príomhearnála an chórais cheana féin agus is féidir iad a atheagrú chun cuntais na hearnála poiblí a thiomsú. Déantar é seo trí fho-earnálacha earnáil an rialtais ghinearálta agus fo-earnálacha poiblí na gcorparáidí neamhairgeadais agus airgeadais a chur le chéile.

Corparáidí neamhairgeadais	Corparáidí airgeadais	Rialtas ginearálta	INBFTanna	Teaghlaigh
Poiblí	Poiblí	Poiblí	Príobháideach	Príobháideach
Príobháideach	Príobháideach			

20.304 Is féidir corparáidí poiblí airgeadais a roinnt tuilleadh idir an banc ceannais, agus corparáidí poiblí airgeadais eile, ar féidir iad a fhoroinnt tuilleadh i bhfo-earnálacha corparáidí airgeadais de réir mar is cuí.

Tábla 20.2 — An earnáil phoiblí agus a fo-earnálacha

Rialtas ginearálta				Corparáidí poiblí		
Rialtas láir	Rialtas stáit	Rialtas áitiúil	Slándáil shóisialta	Corparáidí poiblí neamhairgeadais	Corparáidí poiblí airgeadais	
					An banc ceannais	Corparáidí poiblí airgeadais eile

20.305 Is féidir cuntais na hearnála poiblí a chruthú de réir chreat agus sheicheamh cuntas CCE agus, i bprionsabal, tá na leaganacha comhdhlúite agus neamhchomhdhlúite úsáideach chun críocha na hanailise. Tá tíolachtaí eile, a gcuirtear síos orthu níos túisce sa Chaibidil seo, amháil leaganacha coibhéiseacha comhdhlúite agus neamhchomhdhlúite den Tíolacadh Staidrimh ar Airgeadas an Rialtais úsáideach freisin.

20.306 Gach aonad institiúideach san earnáil phoiblí, is aonaid chónaitheacha iad faoi rialú an rialtas, go díreach nó go hindíreach ag aonaid na hearnála poiblí ar bhonn comhiomláin. Sainmhínear rialú eintitis mar an cumas beartas ginearálta an eintitis sin a chinneadh. Tá cuntas níos iomláine air sin thíos.

20.307 Cinntear an t-idirdhealú idir aonad na hearnála poiblí a bheith mar chuid den rialtas ginearálta nó de chorparáidí poiblí tríd an tástáil mhargaidh/neamh-mhargaidh a gcuirtear síos air thuas agus i gCaibidil 3. Aicmítear aonaid neamh-mhargaidh na hearnála poiblí sa rialtas ginearálta agus aicmítear aonaid mhargaidh na hearnála poiblí mar chorparáidí poiblí. Is é an t-aon eisceacht a ghabhann leis an rialú ghinearálta seo ná i gcás institiúidí airgeadais áirithe a dhéanann maoirsiú ar an earnáil airgeadais nó a fhónann di agus a aicmítear, de réir an ghnáis, mar chorparáidí poiblí airgeadais, bídis ina n-institiúidí margaidh nó neamh-mhargaidh.

20.308 Ní hionann an fhoirm dhlíthiúil atá ag comhlacht agus treoir maidir lena aicmiú earnála. Mar shampla, d'fhéadfadh roinnt corparáidí san earnáil phoiblí atá bunaithe go dleathach a bheith ina n-aonaid neamh-mhargaidh agus aicmithe, dá bhrí sin, sa rialtas ginearálta seachas mar chorparáidí poiblí.

Rialú na hearnála poiblí

20.309 Sainmhínear rialú aonad cónaitheach na hearnála poiblí mar an cumas beartas ginearálta an aonaid a chinneadh. Is féidir é sin a dhéanamh trí chearta díreacha aonad aonair de chuid na hearnála poiblí nó trí chomhchearta cuid mhór aonad. Ba cheart na táscairí rialaithe seo a leanas a mheas:

- (a) cearta chun tromlach na n-oifigeach nó an bhoird stiúthóirí a cheapadh, a chrosadh nó a chur as oifig etc. Is leor cearta chun tromlach bhord rialaithe an eintitis a cheapadh, a chur as oifig, a cheadú nó a chrosadh chun rialú a chinneadh. Féadfaidh aon aonad amháin de chuid na hearnála poiblí cearta den sórt sin a shealbhú go díreach nó féadfaidh aonaid na hearnála poiblí iad a shealbhú go hindíreach ar bhonn comhiomláin. Má tá an chéad sraith ceapachán á rialú ag an earnáil phoiblí ach mura bhfuil athcheapacháin ina dhiaidh sin faoi réir na rialuithe sin, fanfaidh an t-eintiteas san earnáil phoiblí go dtí an t-am nach ceapacháin rialaithe iad tromlach na stiúthóirí;

- (b) cearta chun an príomhphearsanra a cheapadh, a chrosadh nó a chur as oifig. Más comhaltaí boird ag a bhfuil tionchar a chinneann rialú an bheartais ghinearálta tríd is tríd, amhail an príomhoifigeach feidhmiúcháin, an cathaoirleach, agus an stiúrthóir airgeadais, tugtar an-suntas do na cumhachtaí chun an pearsanra seo a cheapadh, a chrosadh agus a chur as oifig;
- (c) cumhachtaí chun tromlach na gceapachán a cheapadh, a chrosadh nó a chur as oifig i gcás príomhchoistí an eintitis. Má tharmligtear príomhfachtóirí an bheartais ghinearálta, amhail luach saothair na foirne sinsearaí, pá agus straitéis ghnó, chuig fochoistí, is deitéarmanant an rialaithe iad na cearta chun stiúrthóirí na bhfochoistí sin a cheapadh, a chur as oifig nó a chrosadh;
- (d) úinéireacht ar an gcuid is mó den leas vótála. Is iondúil go socróidh sé seo rialú nuair a dhéantar cinntí ar bhonn scaire amháin, vóta amháin. Féadfar scaireanna a shealbhu go díreach nó go hindíreach, agus scaireanna faoi úinéireacht na n-aonad earnála poiblí go léir a chuirtear le chéile. Mura ndéantar cinntí ar bhonn scaire amháin, vóta amháin, ba cheart anailís a dhéanamh ar an gcás le fáil amach an bhfuil vóta tromlaigh ag an earnáil phoiblí;
- (e) cearta faoi scaireanna speisialta agus roghanna. Bhíodh na scaireanna speisialta nó scaireanna óir seo coitianta i gcomparáidí príobháidithe tráth agus tá siad le fáil freisin i roinnt eintiteas sainchuspóireach. I gcásanna áirithe tugann siad cearta iarmharacha áirithe d'eintitis na hearnála poiblí chun leasanna a chosaint, féadfaidh cearta den sórt sin a bheith buan nó teoranta ó thaobh ama. Ní léiríonn na scaireanna sin iontu féin rialú, ach ní mór anailís chúramach a dhéanamh, go háirithe ó thaobh na n-imthosca inar féidir na cumhachtaí a ghairm. Má tá tionchar ag na cumhachtaí ar bheartas ginearálta an eintitis beidh siad tábhachtach chun na cinntí ar aicmiú a dhéanamh. I gcásanna eile coimeádfaidh siad cumhachtaí a fhéadfaidh cearta a thabhairt chun beartas ginearálta a chinneadh i dtéarmaí éigeandála etc. Meastar nach bhfuil siad seo ábhartha mura bhfuil tionchar acu ar bheartas reatha, ach sa chás go n-úsáidtear iad is iondúil go ndéantar athaicmiú láithreach dá mbarr. Tá an cás ina bhfuil rogha ann scaireanna a cheannach in eintitis san earnáil phoiblí in imthosca áirithe cosúil leis an gcás sin, agus ní mór breith a thabhairt maidir le cibé acu an imríonn nó nach n-imríonn na cumhachtaí chun an rogha a chur i bhfeidhm tionchar ar bheartas ginearálta an eintitis;
- (f) cearta chun rialú trí chomhaontuithe conartha. Má dhéantar díolacháin eintitis go léir le haonán amháin den earnáil phoiblí nó le bailiúchán d'eintiteas den earnáil phoiblí, fágann sé sin deis chun tionchar ceannasach a bheith ann agus is féidir é sin a bhreithniú mar rialú. Is iondúil go dtugann custaiméirí eile a bheith ann, nó an acmhainn custaiméirí eile a bheith aige, le tuiscint nach bhfuil an t-eintiteas faoi rialú aonaid na hearnála poiblí. Má tá srian ar an eintiteas déileáil le custaiméirí nach bhfuil san earnáil phoiblí i ngeall ar thionchar na hearnála poiblí, is táscaire é seo go bhfuil rialú earnála poiblí i gceist;
- (g) cearta chun rialú ó chomhaontuithe/cead chun iasachtaí a fháil. Is minic a fhorchuireann iasachtóirí rialuithe mar choinníollacha chun iasachtaí a dhéanamh. Má fhorchuireann an earnáil phoiblí rialuithe trí iasachtú, nó chun a neamhchosaint ar riosca a chosaint ó ráthaíocht, atá níos déine ná na cinn a mbeadh ar eintiteas na hearnála poiblí aghaidh a thabhairt orthu de ghnáth, is táscaire é seo go bhfuil rialú ann. Más gá d'eintiteas cead a fháil ón earnáil phoiblí iasachtaí a fháil is táscaire é go bhfuil rialú ann;
- (h) rialú trí ró-rialú. Nuair atá rialú chomh dian sin go leagann sé síos beartas ginearálta an ghnó i ndáiríre is féidir leis a bheith ina chineál rialaithe. I gcásanna áirithe, is féidir le húdaráis phoiblí ról cumhachtach rialála a bheith acu, go háirithe i réimsí amhail monaplachtaí agus fóntais phríobháidithe ina bhfuil gné seirbhíse poiblí. Is féidir ról rialála a bheith i réimsí tábhachtacha, amhail praghsanna a shocrú, gan a bheith ar aonad rialú an bheartais ghinearálta a ghéilleadh. Ar an gcaoi chéanna, tugann rogha dul isteach nó oibriú i gcúinsí ardrialaithe le fios nach bhfuil an t-eintiteas á rialú;
- (i) cearta eile. Is féidir rialú a aimsiú freisin ó chumhachtaí reachtúla nó ó chearta atá i mbunreacht an eintitis mar shampla chun na gníomhaíochtaí, cuspóirí, agus gnéithe oibriúcháin a shrianadh, chun buiséid a fhorghnó nó chun cosc a chur ar an eintiteas a bhunreacht a athrú, chun é féin a dhíscaoileadh, chun díbhinní a fhorghnó, nó chun a ghaol leis an earnáil phoiblí a fhoirceannadh. Meastar go bhfuil eintiteas atá lánmhaoinithe nó beagnach lánmhaoinithe ag an earnáil phoiblí á rialú má tá na rialuithe ar shruth an chistithe sin sriantach go leor chun an beartas ginearálta sa réimse sin a leagan síos.

20.310 Ní mór gach cás aicmithe a bhreithniú ar a thuilleanas féin agus d'fhéadfadh sé nach mbainfeadh cuid de na táscairí seo le gach cás ar leith. Is leor táscairí áirithe, amhail (a), (c) agus (d) i mír 20.309 leo féin chun rialú a bhunú. Ach i gcásanna eile, d'fhéadfadh roinnt táscairí ar leith i dteannta a chéile rialú a léiriú.

Bainc cheannais

20.311 Glactar leis tríd is tríd, gur comparáidí airgeadais poiblí iad bainc cheannais, fiú sa chás nach é an rialtas a úinéir dlíthiúil aonair ná tromlaigh. Meastar gur comparáidí poiblí iad cé go bhfuil úinéireacht dhlíthiúil ag rialtais orthu nó go bhfeidhmíonn siad rialú orthu trí mheáin eile.

- 20.312 Is idirghabhálaí airgeadais é banc ceannais, a bhfuil a ghníomhaíocht faoi réir forálacha dlí ar leith, agus a chuirtear faoi rialú ginearálta rialtais, a léiríonn leas an náisiúin, fiú má tá uathriail nó neamhspleáchas mór ag an mbanc ceannais maidir lena phríomhghníomhaíocht a fheidhmiú (go háirithe an beartas airgeadaíochta). Is é an rud is tábhachtaí anseo príomhfheidhm agus príomhghníomhaíocht an bhainc cheannais a shainathint — cúlsócmhainní an náisiúin a bhainistiú, an t-airgeadra náisiúnta a eisiúint agus beartas airgeadaíochta a threorú — seachas a stádas dlíthiúil. Is minic a bhíonn ceart foirmiúil ag an rialtas fáiltais leachtaithe a fháil.
- 20.313 Mar gheall ar an leas tairbhiúil sin a bheith ann nó mar gheall ar ról an rialtais, déanfar úinéireacht an rialtais ar chothromas an bhainc cheannais — nó, ar a laghad, ar na cúlsócmhainní a bhainistiú an banc ceannais, a shainathint sna cuntais náisiúnta, mar úinéireacht eacnamaíoch fiú sna himthosca nach bhfuil aon úinéireacht dhlíthiúil aige.

Samhailchorparáidí poiblí

- 20.314 Níl na saintréithe dlíthiúla ag samhailchorparáidí poiblí agus atá ag corparáidí neamhspleacha ach tá a gcuid iomparáíochta éagsúil go leor le hiompraíocht a n-úinéirí, agus níos cosúla le heintitis sna hearnálacha neamhairgeadais nó corparáidí airgeadais.
- 20.315 Ní foláir gníomhaíochtaí na samhailchorparáide a imfháil, le go leor faisnéise chun gur féidir sraith iomlán cuntas a thiomnú (féach pointe (f) de mhír 2.13) agus ionas gur aonaid mhargaidh iad.

Eintitis shainchuspóireacha & neamhchónaithe

- 20.316 Féadfaidh eintitis na hearnála poiblí eintitis shainchuspóireacha nó meáin shainchuspóireacha a bhunú nó a úsáid. Is minic nach bhfuil fostaithe ná sócmhainní neamhairgeadais ag na haonaid seo agus is ar éigean atá siad ann go fisiciúil seachas “pláta práis” a dheimhniú a n-áit chláráithe. Féadfaidh siad cónaí a bheith orthu i gcríoch eile.
- 20.317 Más aonaid shainchuspóireacha iad a bhunaigh an earnáil phoiblí, ní foláir iad a imscrúdú le fáil amach an bhfuil sé de chumhacht acu gníomhú go neamhspleách, an bhfuil teorainn lena ngníomhaíochtaí, agus an bhfaigheann siad na sochair agus an iompraíocht na rioscaí a bhaineann leis na sócmhainní agus na dlíteanais a shealbhaíonn siad. Mura gcomhlíonann siad critéir den sórt sin, ní shainathnítear mar aonaid institiúideacha ar leithligh iad agus, más aonaid chónaitheacha iad, déantar iad a chomhdhlúthú san aonad earnála poiblí a chruthaigh iad. Más aonaid neamhchónaitheacha iad sainathnítear mar chuid den chuid eile den domhan iad agus atreoraítear aon idirbhearta a dhéanann siad tríd an aonad earnála poiblí a chruthaigh iad.
- 20.318 Déantar comhfhiontair idirnáisiúnta neamhchónaitheacha idir rialtais, i gcás nach bhfuil an t-eintiteas faoi rialú ceachtar páirtí, a chionroinnt ar rialtais mar aonaid chónaitheacha náisiúnta.

Comhfhiontair

- 20.319 Is féidir le haonaid earnála poiblí agus earnála príobháidí comhfhiontar dul i gcomhfhiontar lena mbunaítear aonad institiúideach. Féadfaidh an t-aonad sin conarthaí a dhéanamh ina ainm féin agus maoiniú a bhailiú chun a chríochea féin. Déantar an t-aonad a aicmiú san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideacha ag brath ar chinneadh i dtaobh cén páirtí a rialaíonn é.
- 20.320 Sa chleachtas, bíonn comhrialú i gceist i bhformhór na gcomhfhiontar. Má tá an t-aonad aicmithe mar tháirgeoir neamh-mhargaidh, tá sé aicmithe, de réir an ghnáis, sa rialtas ginearálta toisc go bhfuil a chuid iomparáíochta cosúil le hiompraíocht aonad rialtais ghinearálta. Má tá an t-aonad aicmithe mar tháirgeoir margaidh agus má tá rialú roinnte go cothrom, sa chás sin tá an t-aonad roinnte in dhá leath, leath san earnáil phoiblí agus an leath eile san earnáil phríobháideach.

CAIBIDIL 21

NAISC IDIR CUNTAIS GHNÓ AGUS CUNTAIS NÁISIÚNTA AGUS GNÍOMHAÍOCHT CHORPARÁIDEACH A THOMHAS

21.01 Is gnách go mbíonn cuntais ghnó, mar aon le suirbhéanna gnó, ina bpríomhfhoinsé faisnéise maidir le gníomhaíocht chorparáideach i gcuntais náisiúnta. Tá roinnt comhthréithe ag cuntasáocht náisiúnta agus cuntasáocht ghnó. Ar na cinn is suntasaí díobh sin tá:

- (a) idirbhearta a thairfeadh i gcuntais, i.e. i dtáblaí dhá cholún;
- (b) luacháil airgeadaíochta;
- (c) ítimí comhardaithe a úsáid;
- (d) idirbhearta a thairfeadh de réir mar a tharlaíonn siad; agus
- (e) comhchuibheas inmheánach chóras na gcuntas.

Tá cuntasáocht náisiúnta éagsúil, áfach, ar roinnt bealaí, toisc go bhfuil cuspóir difriúil léi: bíonn sé d'aidhm ag cuntasáocht náisiúnta cur síos a dhéanamh, laistigh de chreat comhtháite, ar ghníomhaíochtaí uile tíre seachas gníomhaíochtaí gnóthais nó grúpa gnóthas. Bíonn srianta breise i gceist sa chuntasáocht náisiúnta de bharr múnla comhsheasmhach a bheith in úsáid do na heintitis ar fad i ngeilleagar agus don ghaol atá acu leis an gcuid eile den domhan, ach ní dhéanann na srianta sin aon difear do chuntasáocht ghnó.

21.02 Tá caighdeáin idirnáisiúnta i bhfeidhm sa chuntasáocht náisiúnta agus leantar na caighdeáin sin i ngach aon tír ar domhan. I gcás na cuntasáochta gnó, áfach, tá difríochtaí ann idir an tslí ina bhforbraítear í agus ina bhfeidhmítear í dtíortha éagsúla í. Mar sin féin, tá an chuntasáocht ghnó ag bogadh i dtreo caighdeán idirnáisiúnta comhchoiteann. Cuireadh tús le comhchuibhiú ar leibhéal domhanda an 29 Meitheamh 1973 nuair a cruthaíodh an Coiste um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasáochta (IASC) agus bhí sé mar mhisean ag an gCoiste sin bunchaighdeáin chuntasáochta dá dtagraítear IAS (Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasáochta) a fhorbairt, agus ina dhiaidh sin IFRS (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais), caighdeáin a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar fud an domhain. San Aontas Eorpach, tá cuntais chomhdhlúite na gcuideachtaí sin atá ar liosta an AE á n-ullmhú de réir chreat tagartha an IFRS ó 2005 ar aghaidh.

21.03 Is i lámhleabhair shainiúla is ceart treoirínte mionsonraithe a leagan síos maidir le hinneachar na gcuntas gnó agus maidir leis an tslí inar féidir cuntais ghnó a nascadh le cuntais náisiúnta. Tugtar freagra sa Chaibidil seo ar na ceisteanna is coitianta a thagann aníos agus cuntais náisiúnta á dtiomnú ar bhonn cuntas gnó, agus pléitear saincheisteanna sonracha maidir le gníomhaíocht chorparáideach a thomhas.

ROINNT MODHANNA AGUS RIALACHA SONRACHA MAIDIR LE CUNTASAÍOCHT GHNÓ

21.04 Le gur féidir faisnéis a bhaint as na cuntais ghnó, ba cheart tuiscint a bheith ag cuntasóirí náisiúnta ar na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasáochta atá i bhfeidhm maidir le corparáidí príobháideacha agus comhlachtaí rialtais. Is é an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasáochta (IASB) a tharraingíonn suas agus a choimeádann na caighdeáin le haghaidh corparáidí príobháideacha agus is é an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasáochta na hEarnála Poiblí (IPSASB) a dhéanann amhlaidh le haghaidh comhlachtaí rialtais. Tá prionsabail ghinearálta na cuntasáochta gnó leagtha amach sna míreanna seo a leanas.

Am taifeadta

21.05 Déantar idirbhearta a thairfeadh i gcuntais ghnó de réir mar a tharlaíonn siad, rud as a n-eascaíonn éilimh agus oibleagáidí, neamhspleách ar an íocaíocht. Tugtar taifeadadh ar bhonn fabhráithe, seachas ar bhonn airgid, ar an modh taifeadta sin. Déantar na cuntais náisiúnta a tharraingt suas ar bhonn fabhráithe freisin.

Cuntasáocht iontrála dúbailte agus iontrála ceathrúla

21.06 I gcuntais ghnó, déantar idirbhearta uile an ghnóthais a thairfeadh in dhá chuntas ar leith ar a laghad, uair amháin ar thaobh an dochair agus uair amháin ar thaobh an tsochair don tsuim chéanna. Áirithíonn an córas iontrála dúbailte sin go ndéantar promhadh comhsheasmhachta ar na cuntais.

I gcuntais náisiúnta, is féidir córas iontrála ceathrúla a úsáid freisin d'fhormhór na n-idirbheart. Déanann an dá aonad institiúideacha atá páirteach in idirbheart an t-idirbheart a thairfeadh faoi dhó, mar shampla uair amháin mar idirbheart neamhairgeadais sna cuntais táirgeachta, ioncaim agus chaipitil, agus uair amháin mar idirbheart airgeadais a bhfuil baint aige leis an athrú ar shócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais.

Luacháil

21.07 I gcuntais ghnó agus i gcuntais náisiúnta déantar idirbhearta a thairfeadh ag an bpraghas arna chomhaontú ag na hoibreoírí eacnamaíochta.

De ghnáth, déantar sócmhainní agus dlíteanais a luacháil ag a gcostas bunaidh nó stairiúil i ráitis airgeadais eintiteas gnó, i gcomhcheangal le praghsanna eile b'fhéidir, e.g. praghsanna margaidh le haghaidh fardal. Ba cheart ionstraimí airgeadais a luacháil ag luach cóir, agus ba cheart dóibh praghsanna arna mbreathnú sna margai a léiriú trí úsáid a bhaint as teicnící luachála sonracha más gá.

I gcuntais náisiúnta, déantar sócmhainní agus dlíteanais a thairfeadh ag luachanna reatha an tráth lena mbaineann an clár comhardaithe, seachas ag a luach bunaidh.

Ráiteas ioncain agus clár comhardaithe

- 21.08 Ullmhaítear dhá ráiteas airgeadais sna cuntais ghnó: an ráiteas ioncain agus an clár comhardaithe. Sa ráiteas ioncain, grúpáiltear le chéile na hidirbhearta ioncain agus na hidirbhearta costas, agus sa chláir comhardaithe, grúpáiltear le chéile na stoic de shócmhainní agus de dhlíteanais. Taispeántar sna ráitis sin comharduithe na gcuntas, agus na hidirbhearta ar leibhéal an chomhiomlánaíthe. Cuirtear na ráitis i láthair i bhfoirm cuntas. Tá dlúthnasc idir an dá ráiteas. Is ionann iarmhéid an ráitis ioncain agus brabús nó cailteanas don ghnóthas. Áirítear an brabús nó an cailteanas sin sa chláir comhardaithe freisin.
- 21.09 Is cuntais sreafaí iad na cuntais idirbhearta a gcuirtear a gcomhardú san áireamh sa ráiteas ioncain. Is é an cuspóir atá leo iomláin an ioncain agus an chaiteachais le linn na bliana airgeadais a thaispeáint.
- 21.10 Is cuntais stoic iad na cláir chomhardaithe. Léirítear iontu luach na sócmhainní agus na ndlíteanas ag deireadh na bliana airgeadais.

CUNTAIS NÁISIÚNTA AGUS CUNTAIS GHNÓ: SAINCHEISTEANNA PRAITICIÚLA

- 21.11 Le go bhféadfaidh cuntasóirí náisiúnta úsáid a bhaint as cuntais ghnó ar mhórsála, agus ní i gcásanna áirithe amháin, ní mór roinnt coinníollacha a chomhlíonadh.

Baineann an chéad choinníoll le rochtain ar chuntais gnóthas. Is iondúil go mbíonn dualgas ar ghnóthais mhóra a gcuntais a fhoilsiú. Comhlachtaí príobháideacha nó comhlachtaí poiblí a chuireann bunachair shonraí cuntais den sórt sin ar bun de ghnáth, agus tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain ag cuntasóirí náisiúnta orthu sin. I gcás gnóthas mór, is féidir cuntais a fháil díreach uathu de ghnáth.

Baineann an dara coinníoll le híosleibhéal caighdeánaithe maidir leis na doiciméid chuntasaoíochta a fhoilsíonn ghnóthais, ós rud é gur coinníoll riachtanach é sin le haghaidh próiseála ríomhairithe. Is minic a bhíonn ardleibhéal caighdeánaithe i gceist nuair atá comhlacht ann a bhailíonn cuntais ó ghnóthais i bhfoirm chaighdeánaithe. Féadfar an bailiú a eagrú ar bhonn deonach, mar a dhéantar i gcás comhlacht atá i mbun ionad ráiteas airgeadais agus a dhéanann anailísí dá bhailiú, nó féadfar é a dhéanamh éigeantach de réir an dlí, mar a tharlaíonn nuair is ionann an comhlacht bailiúcháin agus an t-údarás cánach. Sa dá chás sin, beidh ar chuntasóirí náisiúnta rochtain a iarraidh ar na bunachair shonraí, agus na beartais rúndachta atá i bhfeidhm a urramú.

- 21.12 Féadfar úsáid a bhaint as cuntais ghnó mura bhfuil na cuntais á dtiomsú ar bhonn caighdeánaithe. In a lán tíortha, bíonn ceannas ag líon beag gnóthas mór ar earnálacha den gheilleagar, agus féadfar cuntais na ngnóthas mór sin a úsáid le haghaidh na gcuntas náisiúnta. Bíonn faisnéis úsáideach le fáil freisin sna nótaí a ghabhann leis na cuntais, mar shampla mionsonraí nó treoir maidir leis na hiontrálacha sna cuntais a thuiscint.
- 21.13 Tá suirbhéanna gnó ar an bpríomhfhoinsé eile sonraí faoi ghníomhaíochtaí corparáideacha le haghaidh na gcuntas náisiúnta. Tugann suirbhéanna den sórt sin torthaí sásúla má oireann na ceisteanna a chuirtear d'iontrálacha agus do choincheapa na cuntasaoíochta gnó. Ní thabharfaidh gnóthas faisnéis iontaoifa mura bhfuil sí bunaithe ar a chóras inmheánach faisnéise féin. Bíonn gá le suirbhéanna gnó, go ginearálta, fiú sa chás is fearr inar féidir leis na cuntasóirí náisiúnta rochtain a fháil ar na bunachair shonraí chuntasaoíochta, mar is annamh a bhíonn an fhaisnéis i mbunachair shonraí den sórt sin mionsonrach go leor chun riachtanais uile na gcuntasóirí náisiúnta a shásamh.
- 21.14 Fágann an domhandú go bhfuil sé níos casta cuntais ghnó a úsáid chun cuntais náisiúnta a ullmhú. Is gá cuntais ghnó a tharraingt suas ar bhonn náisiúnta le gur féidir úsáid a bhaint astu, ach ní mar sin a tharlaíonn nuair a bhíonn fochorparáidí ag na gnóthais ar an gcoigríoch. Nuair a théann gníomhaíocht an ghnóthais thar theorainneacha náisiúnta, ní mór coigeartuithe a dhéanamh chun léargas náisiúnta a chruthú bunaithe ar cuntais ghnó an ghnóthais. Ní mór do na gnóthais cuntais ar bhonn náisiúnta, nó na coigeartuithe a rinneadh chun cuntais an ghnóthais a chruthú ar bhonn náisiúnta, a chur ar fáil don bhunachair sonraí cuntas gnó. Nuair is é an t-údarás cánach a bhailíonn na cuntais ó na gnóthais, is iondúil go n-éilíonn an t-údarás cánach na sonraí a sholáthar ar bhonn náisiúnta d'fhonn a bheith in ann an cháin ar bhrabús a ríomh, agus is é sin an cás is fabhraí a thacaíonn le húsáid sna cuntais náisiúnta.
- 21.15 Coinníoll praiticiúil eile is ea gur cheart don bhliain airgeadais freagairt do thréimhse thagartha na gcuntas náisiúnta. I gcás na gcuntas bliantúil, is í an bhliain féilire a bhíonn i gceist de ghnáth, agus mar sin tá sé inmhiannaithe, d'fhonn an úsáid is fearr a bhaint as cuntais ghnó, go dtosódh bliain airgeadais fhorhmór na ngnóthas sin an 1 Eanáir. Féadfaidh na gnóthais dátaí tosaigh eile a roghnú don bhliain airgeadais. I gcás oibríochtaí a fhreagraíonn do shreafaí sna cuntais náisiúnta, is minic a bhíonn sé inghlactha cuntais a athchruthú ar bhonn na bliana féilire trí chodanna de dhá bhliain airgeadais as a chéile a chur le chéile, ach i gcás an chláir chomhardaithe, áfach, ní bhíonn an toradh ar an modh sin chomh sásúil céanna, go háirithe maidir le hítimí a dhéanfadh a bheith faoi réir luaineachtaí meara le linn na bliana. Is minic a dhéanann gnóthais mhóra cuntais ráithiúla a thiomsú ach is annamh a bhailítear ar bhonn córasach iad.

AN T-AISTRIÚ Ó CHUNTAIS GHNÓ GO CUNTAIS NÁISIÚNTA: SAMPLA NA NGNÓTHAS NEAMHAIR-GEADAIS

21.16 Bíonn roinnt coigeartuithe de dhíth má úsáidtear sonraí ó chuntais ghnó gnóthas neamhairgeadais chun cuntais náisiúnta a ullmhú. Is féidir na coigeartuithe sin a chur i dtrí chatagóir: coigeartuithe coincheapúla, coigeartuithe chun comhsheasmhacht le cuntais earnálacha eile a áirithiú, coigeartuithe le haghaidh uileghabhálachta.

Coigeartuithe coincheapúla

21.17 Bíonn gá le coigeartuithe coincheapúla toisc nach bhfuil na cuntais ghnó bunaithe ar na coincheapa céanna leis na cuntais náisiúnta, agus toisc go bhféadfadh na modhanna luachála a bheith éagsúil le chéile sa chás a bhfuil dlúthbhaint idir na coincheapa sin. Seo a leanas roinnt samplaí de na coigeartuithe coincheapúla a bhaineann le haschur a ríomh:

- (a) coigeartú i leith an aistrithe chuig an mbunphraghas. Ní áirítear CBL, de ghnáth, i láimhdeachas gnóthas, ach bíonn cánacha ar tháirgí san áireamh go minic. Os a choinne sin, ní chuirtear fóirdheontais ar tháirgí san áireamh sa láimhdeachas de ghnáth. Dá bhrí sin, is gá na sonraí a thagann ó na cuntais ghnó a choigeartú trí na cánacha sin ar tháirgí a asbhaint agus trí na fóirdheontais sin ar tháirgí a chur leo d'fhonn meastachán den aschur ag na bunphraghsanna a ríomh;
- (b) préimheanna árachais. Tá préimheanna árachais arna n-íoc ag gnóthais cuimsithe mar chuid dá gcaiteachas, ach éilítear sna cuntais náisiúnta go ndéanfaí iad sin a mhiondealú i dtrí ghné: glanphréimheanna, an tseirbhís árachais agus forlíontaí préimhe. Ní hionann agus tomhaltas idirmheánach ach an chuid sin a fhreagraíonn don tseirbhís amháin; déantar ceartúchán trí ghlanphréimheanna agus forlíontaí préimhe a asbhaint ón íocaíocht chomhlán.

Coigeartuithe chun comhsheasmhacht le cuntais earnálacha eile a bhaint amach

21.18 Éilíonn na cuntais náisiúnta go mbeadh cuntais ghnóthas comhsheasmhach le cuntais ghnóthas eile agus aonad eile in earnálacha institiúideacha eile. Dá bhrí sin, ní mór do chánacha agus d'fhóirdheontais arna luacháil ar bhonn cuntas gnóthas a bheith comhsheasmhach leo siúd a fhaigheann nó a íocann an rialtas ginearálta. Ní dhéantar é sin sa chleachtas, áfach, agus tá gá le riall d'fhonn comhsheasmhacht a bhaint amach. De ghnáth, bíonn an fhaisnéis a fhaightear ón rialtas ginearálta níos iontaofa ná an fhaisnéis a fhaightear ó ghnóthais, agus bíonn coigeartú déanta ar na sonraí a thagann ó chuntais ghnó.

Samplaí de choigeartuithe le haghaidh uileghabhálachta

21.19 Ar roinnt de na cúiseanna a dhéantar coigeartuithe le haghaidh uileghabhálachta ar shonraí ón gcuntasáíocht ghnó tá easnamh i gcomhaid staidrimh, díolúine ó dhearbhuithé cánach agus ó dhearbhuithé sóisialta, agus imghabháil cánach.

Seo a leanas samplaí de choigeartuithe sonracha:

- (a) imghabháil maidir le haschur atá díolta agus maidir le díol earraí le hathdhíol. D'fhéadfadh gnóthais meastachán faoi bhun luacha a thabhairt ar dhíolacháin chun críche imghabhála cánach, agus déantar coigeartú i leith an dearbhaithe faoi bhun luacha sin bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear ó na hoifigí cánach;
- (b) is ionann ioncam comhchineáil agus cúiteamh d'fhostaithe i bhfoirm earraí agus seirbhísí a sholáthraítear saor in aisce. Mura dtaifeadtar an t-aschur agus an t-ioncam sin sna cuntais ghnó déantar na luachanna taifeadta a choigeartú chun críche úsáide sna cuntais náisiúnta. I gcás ina gcuirtear cóiríocht ar fáil saor in aisce d'fhostaithe, déanfar meastachán de na cíosanna maoiné comhfhreagracha a áireamh in aschur agus in ioncam na bhfostaithe i gcás nár áiríodh iad cheana sna cuntais ghnó;
- (c) aiscí. Nuair a fhaigheann fostaithe aiscí ó chustaiméirí an ghnóthais, ní mór glacadh leo sin mar chuid den láimhdeachas, agus mar sin mar chuid den aschur. I gcás aiscí nach dtaifeadtar mar aschur agus mar ioncam fostaithe sna cuntais ghnó, déantar meastachán orthu agus déantar coigeartú ar an aschur agus ar an ioncam sna cuntais náisiúnta.

SAINCHEISTEANNA SONRACHA

Gnóthachain/caillteanais sealúchais

21.20 Tá gnóthachain agus caillteanais sealúchais ar cheann de na príomhdheacrachtaí a bhaineann leis an aistriú ó chuntais ghnó go cuntais náisiúnta, go hiondúil i ngeall ar an gcineál faisnéise a chuirtear ar fáil sna cuntais ghnó. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach ceannach díreach é tomhaltas idirmheánach amháin, ach aistarraingt ón stoc. Sna cuntais náisiúnta, déantar an aistarraingt ón stoc a luacháil ag praghsanna reatha an mhargaidh, ach sna cuntais ghnó déantar an aistarraingt ón stoc a luacháil ag a costas stairiúil, i.e. an praghas a bhí ar na hearraí nuair a ceannaíodh iad. Is ionann an difríocht idir an dá phraghas sin agus gnóthachain/caillteanais sealúchais sna cuntais náisiúnta.

21.21 Níl sé éasca gnóthachain/caillteanais sealúchais ar stoic a chur as an áireamh toisc gur gá an iomad píosáí faisnéise forlíontacha cuntasáíochta a bhailiú agus leas a bhaint as mórán toimhdí. Ní mór go mbainfeadh an fhaisnéis a bhailítear leis na cineálacha táirgí sa stoc agus leis an athrú ar na praghsanna le linn na bliana. Ós rud é, níos minice ná a mhalairt, gur le díolacháin agus le ceannacháin seachas leis na stoic féin a bhaineann an fhaisnéis a bhíonn ar fáil faoi na cineálacha táirgí, is gá na meastacháin a bhunú ar shamhlacha a mbíonn sé deacair a n-ábharthacht a fhíorú. Mar sin féin, d'ainneoin a neamhbheachtas, níl aon dul as ach an cleachtas sin a úsáid chun leas a bhaint as sonraí na cuntasáíochta gnó.

- 21.22 Tugann luacháil sócmhainní ag luach cóir léiriú níos fearr ar an gclár comhardaithe ná mar a thugann luachálacha ag costas stairiúil agus gineann siad níos mó sonraí faoi ghnóthachain/caillteanais sealúchais.

Domhandú

- 21.23 Fágann an domhandú go mbíonn sé níos deacra cuntais ghnó a úsáid i gcás ina bhfuil bunaíochtaí ag na gnóthais ar an gcoigríoch. Ní mór an ghníomhaíocht a dhéantar thar na teorainneacha náisiúnta a eisiáil ó na cuntais le go bhféadfar iad a úsáid sna cuntais náisiúnta. Níl sé éasca an t-eisiáil sin a dhéanamh i gcónaí cé is moite de dhálaí áisiúla sa chás is fearr, ar cás é ina gcuireann na rialacháin chánach ceangal ar ghnóthais cuntais a fhoilsiú dá ngníomhaíocht sa chríoch náisiúnta amháin. Cruthaíonn grúpaí ilnáisiúnta fadhbanna luachála toisc gur féidir malairtí a dhéanamh idir fochorparáidí ar bhonn praghsanna nach bhfuil in úsáid sa mhargadh oscailte, ach a shocraítear chun an muirear cánach domhanda a íoslághdú. Déanann na cuntasóirí náisiúnta coigeartuithe chun praghsanna idirbheart inghrúpa a thabhairt i gcomhréir le praghsanna an mhargaidh. Bíonn sé sin fíordheacair sa chleachtas de dheasca easpa faisnéise agus easpa saormhargaidh inchomparáide i gcás saintáirgí áirithe. Ní féadfar coigeartuithe a dhéanamh ach i gcásanna eiseachtúla bunaithe ar anailís a bhfuil glactha ag saineolaithe sa réimse lena mbaineann léi.
- 21.24 A bhfuil leis an domhandú, déantar allmhairí agus onnmhairí a thaifeadh arís ar bhonn athrú úinéireachta na n-earraí seachas ar bhonn athrú fisiceach ar an suíomh. I ngeall air sin, tá na cuntais ghnó níos oiriúnaí do na cuntais náisiúnta, ós rud é go bhfuil na cuntais ghnó bunaithe freisin ar athrú úinéireachta na n-earraí seachas ar athrú fisiceach ar an suíomh. Nuair a chuireann gnóthas cúram na próiseála ar ghnóthas atá bunaithe lasmuigh den chríoch eacnamaíoch náisiúnta, is oiriúnach iad na cuntais ghnó mar fhoinsé sonraí do na cuntais náisiúnta. Cé gur cuidiú atá sa mhéid sin, tá go leor saincheisteanna ann fós a bhaineann le meastachán ar ghníomhaíochtaí gnóthas ilnáisiúnta a thomhas sna cuntais náisiúnta.

Cumaisc agus éadálacha

- 21.25 I ngeall ar athstruchtúrú corparáideach tarlaíonn taispeánadh agus imeacht sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais. Nuair a imíonn corparáid mar eintiteas dlíthiúil neamhspleách toisc go ndearna corparáid amháin nó níos mó í a chomhghabháil, imíonn na sócmhainní airgeadais/dlíteanais airgeadais go léir, lena n-áirítear scaireanna agus cothromas eile a bhí ann idir an chorparáid sin agus na corparáidí a chomhghabh í as córas na gcuntas náisiúnta. Déantar an t-imeacht sin a thaifeadh mar athruithe ar aicmiú earnála agus ar struchtúr sna cuntais athruithe eile ar mhéid na sócmhainní.
- 21.26 Mar sin féin, déantar ceannach scaireanna agus cothromais eile corparáide atá mar chuid de chumasc a thaifeadh mar idirbheart airgeadais idir an chorparáid cheannaigh agus an t-iar-úinéir. Déantar athsholáthar scaireanna atá ann cheana le scaireanna sa tathcheangal nó sa chorparáid nua a thaifeadh mar fhuascailtí scaireanna agus mar eisiúint scaireanna nua. Ní thagann aon athrú ar shócmhainní airgeadais/dlíteanais airgeadais a bhí ann cheana idir an chorparáid chomhghafa agus tríú páirtithe agus téann siad ar aghaidh chuig an gcorparáid chomhghabhála/na corparáidí comhghabhála.
- 21.27 I gcás ina ndéantar corparáid a dheighilt go dlíthiúil in dhá aonad institiúideacha nó níos mó, déantar sócmhainní airgeadais agus dlíteanais airgeadais nua (taispeánadh sócmhainní airgeadais) a thaifeadh mar athruithe ar aicmiú earnála agus ar struchtúr.

CAIBIDIL 22

CUNTAIS SATAILÍTE

RÉAMHRÁ

- 22.01 Réamhrá ginearálta maidir le cuntais satailíte atá sa Chaibidil seo. Déantar cur síos agus plé inti ar an gcaoi is féidir an creat lárnach a úsáid mar chóras tógála chun freastal ar go leor riachtanas tábhachtach sonracha.
- 22.02 *Sainmhíniú:* déanann cuntais satailíte formhíniú nó modhnú ar na táblaí agus ar na cuntais sa chreat lárnach chun freastal ar riachtanais shonracha sonraí.
- 22.03 Tá an méid seo a leanas sa chreat lárnach:
- (a) cuntais eacnamaíochacha chomhlháite (cuntais na n-earnálacha institiúideach(a) a thugann forbhreathnú ar na stoic agus na sreafaí eacnamaíochacha ar fad;
 - (b) creat ionchuir-aschuir a thugann forbhreathnú ar sholáthar agus ar úsáid earraí agus seirbhísí ag praghsanna reatha agus i dtéarmaí toirte;
 - (c) táblaí a nascann faisnéis faoi thionscal sa chreat ionchuir-aschuir agus cuntais na n-earnálacha institiúideacha;
 - (d) táblaí maidir leis an gcaiteachas de réir feidhme rialtais, teaghlach agus corparáidí;
 - (e) táblaí maidir le daonra agus fostaíocht.
- Féadfaidh sé gur ar bhonn bliantúil nó ráithiúil a dhéanfar na cuntais agus na táblaí, agus féadfaidh sé gur cuntais agus táblaí náisiúnta nó réigiúnacha iad.
- 22.04 Is féidir le cuntais satailíte riachtanais shonracha sonraí a chomhlíonadh trí bhreis sonraí a sholáthar, trí choincheapa ón gcreat lárnach a athshocrú, nó trí fhaisnéis fhorlíontach a sholáthar, amhail faisnéis faoi stoic agus sreafaí neamhairgeadaíochta. Féadfaidh siad diall ó na coincheapa lárnacha. Dá n-athrófaí na coincheapa sin, d'fhéadfaí an nasc a fheabhsú le coincheapa teoirice eacnamaíche amhail costais leasa shóisialaigh nó costais idirbheart, le coincheapa riaracháin amhail brabúis nó ioncam inchánach sna cuntais ghnó agus le coincheapa beartais amhail tionscail straitéiseacha, an geilleagar eolasbhunaithe agus infheistíochtaí gnó arna n-úsáid i mbeartas eacnamaíoch náisiúnta nó Eorpach. I gcásanna den chineál sin, beidh tábla sa chóras satailíte a thaispeánfaidh an nasc idir na príomh-chomhiomláin atá aige agus iad siúd atá sa chreat lárnach.
- 22.05 Is féidir le cuntais satailíte a bheith ina dtáblaí simplí nó ina sraith fhadaithe cuntas. Féadtar cuntas satailíte a thiomsú agus a fhoilsíú ar bhonn bliantúil nó ráithiúil. I gcás roinnt cuntas satailíte, is iomchuí iad a tháirgeadh tar éis tréimhse níos faide, gach cúig bliana mar shampla.
- 22.06 Bíonn tréithe éagsúla ag cuntais satailíte:
- (a) naisc le feidhmeanna, mar atá i gcuntais satailíte de réir feidhme;
 - (b) naisc le tionscail nó táirgí, cineál amháin cuntais earnála speisialta;
 - (c) naisc le hearnálacha institiúideacha, cineál eile cuntais earnála speisialta;
 - (d) síneadh ar na sonraí fisiceacha nó ar na sonraí neamhairgeadaíochta eile;
 - (e) sonraí breise;
 - (f) coincheapa forlíontacha a úsáid;
 - (g) roinnt coincheap bunúsach a mhodhnú;
 - (h) samhaltú a úsáid nó torthaí turgnamhacha a chuimsiú.

I gcás cuntas shonraigh satailíte, is féidir le ceann amháin nó níos mó de na tréithe a luaitear i bpointe (a) go pointe (h) a bheith i gceist. Léirítear é sin i dTábla 22.1.

Tábla 22.1 — Forbhreathnú ar chuntais satailíte agus a mórthréithe

	Ocht dtréith cuntas satailíte								
	Cuntais eárnála speisialta								
	Cuntais fheidhm-iúla	Naisc le tionscail nó le táirgí	Naisc le hearnála-cha institiúid-deacha	Sonraí neamhai-rgeadaíochta a chuimsiú	Sonraí breise	Coinche-apa forlonta-cha	Bunchoi-ncheapa éagsúla	Torthaí turgnam-hacha agus breis samhaltaithe a úsáid	Cuid de chlár tarchuir an AE
<i>1. Cuntais satailíte a ndéantar cur síos orthu sa Chaibidil seo</i>									
Talmhaíocht		X			X	X			X
Comhshaol	X	X		X	X	X	X	X	X
Sláinte	X	X		X	X		X		X
Táirgeadh teaghlach			X	X	X		X	X	
Saothar agus MCS		X	X	X	X				
Táirgiúlacht agus fás		X		X	X	X	X	X	X
T & F	X	X		X	X		X	X	
Cosaint shóisialta	X			X	X				X
Turasóireacht	X	X		X	X	X			
<i>2. Cuntais satailíte a ndéantar cur síos orthu i gCaibidlí eile</i>									
Comhardú na n-íocaíochtaí			X		X				X
Airgeadas rialtais			X		X	X			X
Staidreamh airgeadaíochta agus airgeadais, agus sreabhadh cistí			X		X	X			X
Tábla forlíontach pinsean			X		X	X	X	X	X
<i>3. Samplaí de chuntais satailíte eile a bhfuil treoirlínte idimáisiúnta acu, nó atá i gclár um tharchur sonraí an AE</i>									
Gníomhaíocht chorparáid-deach			X		X				
Earnáil neamhfhoirmiúil					X			X	
Institiúidí neamhbhrabúis			X		X			X	
Earnáil phoiblí			X		X				
Táblaí ioncaim chánach			X		X				X

22.07 Sa Chaibidil seo, pléitear tréithe na gcuntas satailíte agus déantar cur síos gairid ar na naoi gcuntas satailíte seo a leanas:

- (a) cuntais talmhaíochta;
- (b) cuntais chomhshaoil;
- (c) cuntais sláinte;

- (d) cuntais táirgeachta teaghlach;
- (e) cuntais saothair agus mairísí cuntasafóchta sóisialta;
- (f) cuntais táirgiúlachta agus fáis;
- (g) cuntais Taighde agus Forbartha;
- (h) cuntais chosanta sóisialta;
- (i) cuntais turasóireachta.

Déantar cur síos i gcaibidlí eile ar chuntais satailíte eile amhail comhardú na n-íocaíochtaí, staidreamh ar chúrsaí airgeadais an rialtais, staidreamh airgeadaíochta agus airgeadais agus an tábla forlíontach pinsean.

In CCN 2008, déantar cur síos cuimsitheach ar roinnt cuntas satailíte a chuimsítear ar bhealach teoranta i CCE 2010. Seo a leanas roinnt samplaí:

- (a) CCN 2008 Caibidil 21 Cuntais gníomhaíochta corparáidí;
- (b) CCN 2008 Caibidil 22 Cuntais na hearnála poiblí;
- (c) CCN 2008 Caibidil 23 Cuntais na n-institiúidí neamhbhrabúis; agus
- (d) CCN 2008 Caibidil 25 Cuntais na hearnála neamhfhoirmiúla.

D'fhonn comparáid idirnáisiúnta a dhéanamh idir leibhéal agus comhdhéanamh cánacha, déantar staidreamh ar ioncam cánach náisiúnta a thuairisciú don Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, don Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus do Eurostat. Tá na coincheapa agus na sonraí nasctha go hiomlán leo siúd atá sna cuntais náisiúnta. Sampla de chuntas satailíte na gcuntas náisiúnta is ea staidreamh ar ioncam cánach.

Is samplaí iad sin de chuntais satailíte seanbhunaithe, ós rud é go bhfuil siad faoi réir treoirlínte idirnáisiúnta nó go bhfuil siad mar chuid de chlár idirnáisiúnta tarchurtha cheana féin. Léiríonn cuntais satailíte a forbraíodh i dtíortha éagsúla a thábhachtaí agus a úsáidí atá cuntais satailíte. Seo a leanas roinnt samplaí:

- (a) cuntais earnáil an chultúir agus earnáil na cruthaitheachta a léiríonn an tábhacht eacnamaíoch atá le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;
- (b) cuntais oideachais, a thaispeánann an tábhacht eacnamaíoch atá le hoideachas ó thaobh soláthair, úsáide agus maoinithe de;
- (c) cuntais fuinnimh, a thaispeánann an tábhacht eacnamaíoch atá leis na cineálacha éagsúla fuinnimh agus an nasc atá acu le hallmhairí, onnmhairí agus le fóirdheontais agus cánacha rialtais;
- (d) cuntais iascaigh agus foraoiseachta, a thaispeánann an tábhacht eacnamaíoch atá leo don náisiún agus do réigiúin;
- (e) cuntais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), a thaispeánann soláthar agus úsáid mórháirgí TFC agus a dtáirgeoirí;
- (f) athdháileadh trí chuntas caiteachais phoiblí, a thaispeánann cé na grúpaí ioncain a bhaineann leas as caiteachas poiblí ar oideachas, cúram sláinte, cultúr agus tithíocht;
- (g) cuntais foirgneamh cónaithe, a thaispeánann an tábhacht eacnamaíoch atá le foirgnimh chónaithe don náisiún agus do réigiúin;
- (h) cuntais a bhaineann le sábháilteacht, a thaispeánann caiteachas poiblí agus próbháideach ar shábháilteacht;
- (i) cuntais a bhaineann le spórt, a thaispeánann an tábhacht eacnamaíoch atá le spórt;
- (j) cuntais a bhaineann le huisce, a thaispeánann an idirghníomhaíocht idir an córas uisce fisiceach agus an geilleagar ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal abhantraí.

22.08 Tá cur chuige feidhmiúil ag grúpa mór cuntas satailíte. Déantar cur síos sa Chaibidil seo ar na haicmithe éagsúla de réir feidhme.

22.09 Léiríonn réimse leathan na gcuntas satailíte go bhfeidhmíonn na cuntais náisiúnta mar chreat tagartha do réimse staidrimh. Léiríonn siad fiúntas agus teorainneacha an chreata lárnaigh freisin. Trí choincheapa, aicmithe agus cur i láthair amhail táblaí soláthair agus úsáide an chreata lárnaigh a chur i bhfeidhm ar réimse leathan topaicí, léirítear solúbthacht agus ábharthacht chur chuige na gcuntas satailíte maidir leis na topaicí sin. Ag an am céanna, léiríonn na breiseanna, na hathshocruithe agus na modhnuithe coincheapúla na teorainneacha a bhaineann leis an gcreat lárnach maidir le staidéar a dhéanamh ar na topaicí sin. Mar shampla, leathnaíonn na cuntais chomhshaoil an creat lárnach chun seachtreachaí comhshaoil a áireamh, agus leathnaíonn na cuntais táirgeachta teaghlach an teorainn chosanta chun seirbhísí neamhíoctha teaghlach a áireamh. Ar an mbealach sin, léiríonn siad nach tomhais iomlána ar leas iad coincheapa an chreata lárnaigh maidir le táirge, ioncam agus tomhaltas.

22.10 I measc mhórbhuntaistí na gcuntas satailíte tá an méid seo a leanas:

- (a) tá siad bunaithe ar shraith shoiléir de shainmhínte;
- (b) cuirtear cur chuige cuntasáíochta córasach i bhfeidhm. Sampla is ea miondealú ar iomlán amháin ina ndiminsín éagsúla, amhail soláthar agus úsáid earraí agus seirbhísí de réir táirge agus de réir tionscail; cé a tháirgeann seirbhís, cé a íocann aisti agus cé a bhaineann leas aisti; cuntasáíocht sreafaí-stoic chórasach; agus cuntasáíocht chomhsheasmhach i dtéarmaí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta. Saintréithe de chuid an chur chuige cuntasáíochta córasach iad comhsheasmhacht agus comhchuibheas. Cumasaíonn sé anailísí leabharchoimeáda bunaithe ar mhiondealú freisin, ina mínítear athrú ar an iomlán i dtéarmaí athruithe ar na codanna, mínítear athruithe ar an luach i dtéarmaí athruithe ar mhéid agus ar phraghas, agus tugtar cuntas ar na stoic i dtéarmaí na sreafaí comhfhreagracha agus na gcóimheas tairiseach a úsáidtear in anailís ionchuir-aschuir. Is féidir cur le hanailísí leabharchoimeáda den sórt sin le samhaltú ina gcuirtear iompraíocht eacnamaíoch san áireamh;
- (c) nasc le bunchoincheapa cuntasáíochta náisiúnta. Sampla is ea coincheapa stoc sonracha agus sreafaí sonracha amhail táirgeadh, cúiteamh d'fhostaithe, cánacha, sochair shóisialta agus foirmiú caipítíl, na coincheapa sna haicmithe de réir tionscail agus de réir earnála institiúidí amhail tionscal na talmhaíochta agus na monaraíochta nó earnáil an rialtais, agus mór-ítimí comhardaithe amhail breisluach, táirgeacht intíre, ioncam indíscartha agus glanfhíúchas. Tá bunchoincheapa cuntasáíochta náisiúnta den sórt sin seanbhunaithe ar fud an domhain, cobhsaí go maith thar thréimhse ama agus níl a dtomhas faoi réir ag brú polaitiúil den chuid is mó;
- (d) nasc leis an staidreamh ar chuntais náisiúnta; tá siad seo ar fáil go furasta, inchomparáide thar thréimhse ama, tiomsaithe de réir comhchaighdeán idirnáisiúnta agus cuireann siad bearta na gcuntas satailíte i gcomhthéacs an gheilleagair náisiúnta agus a mhór-chomhpháirteanna, amhail an gaol le fás eacnamaíoch agus le hairgeadas poiblí.

Aicmithe de réir feidhme

22.11 Déanann aicmithe de réir feidhme caiteachas a aicmiú de réir earnála agus de réir chuspóir an chaiteachais. Tá sé d'aidhm acu iompraíocht tomhaltóirí, an rialtais, institiúidí neamhbhrabúis agus táirgeoirí a léiriú.

22.12 Is iad seo a leanas na ceithre aicmiú éagsúla de réir feidhme atá i CCE:

- (a) aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra (Coicop);
- (b) aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG);
- (c) aicmiú chuspóirí na n-institiúidí neamhbhrabúis (COPNI);
- (d) aicmiú eisíocaíochtaí táirgeoirí de réir cuspóra (COPP).

22.13 Tá 14 phríomhchatagóir in Coicop:

- (a) bia agus deochanna neamh-mheisciúla;
- (b) deochanna meisciúla, tobac agus támshuanaigh;
- (c) éadaí agus coisbheart;

- (d) tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile;
- (e) fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí;
- (f) sláinte;
- (g) iompar;
- (h) cumarsáid;
- (i) áineas agus cultúr;
- (j) oideachas;
- (k) bialanna agus óstáin;
- (l) earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha;
- (m) caiteachas ar thomhaltas aonair na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh; agus
- (n) caiteachas ar thomhaltas aonair an rialtais ghinearálta.

Sa chéad 12 chatagóir, suimítear an caiteachas iomlán ar thomhaltas aonair na dteaghlach. Sainithnítear sa dá chatagóir dheireanacha caiteachas ar thomhaltas aonair earnálacha na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (INBFTanna) agus an rialtais ghinearálta, i.e. a n-aistrithe sóisialta comhchineáil. Is ionann na 14 ítim le chéile agus tomhaltas críochnaitheach iarbhir na dteaghlach.

- 22.14 Déantar miondealú ar chaiteachas ar thomhaltas aonair na INBFTanna agus an rialtais ghinearálta ina gcúig fhochatagóir choiteanna a léiríonn mór-shaincheisteanna beartais: tithíocht, sláinte, áineas agus cultúr, oideachas agus cosaint shóisialta. Is feidhmeanna Coicop iad sin do chaiteachas ar thomhaltas aonair na dteaghlach freisin; is fochatagóir d'uimhir 12: *Earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha* é cosaint shóisialta. Dá bhrí sin, taispeánann Coicop ról na dteaghlach príobháideach, an rialtais agus na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh i gcás gach ceann de na cúig fhochatagóir choiteanna sin. Mar shampla, féadfaidh sé tuairisc a thabhairt ar ról an rialtais i dtaobh tithíocht, sláinte agus oideachas a sholáthar.
- 22.15 Tá mórúsáidí eile ag Coicop freisin amhail na fochatagóirí a úsáid chun caiteachas teaghlach ar earraí marthanacha tomhaltais a thaispeáint. Is minic a bhaineann suirbhéanna buiséid teaghlach úsáid as scéim aicmithe bunaithe ar Coicop chun faisnéis ar chaiteachas teaghlach a bhailiú. Féadfar é sin a leithdháileadh ar tháirgí ina dhiaidh sin le haghaidh tábla soláthair agus úsáide.
- 22.16 Is uirlis ollmhór atá in aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG) chun cur síos agus anailís a dhéanamh ar airgeadas rialtais. Is iad seo a leanas na deich mórchatagóir:
- (a) seirbhísí ginearálta poiblí;
 - (b) cosaint;
 - (c) ord poiblí agus sábháilteacht;
 - (d) gnóthaí eacnamaíocha;
 - (e) cosaint an chomhshaoil;
 - (f) tithíocht agus taitneamhachtaí pobail;
 - (g) sláinte;
 - (h) caitheamh aimsire, cultúr agus reiligiún;
 - (i) oideachas; agus
 - (j) cosaint shóisialta.

Is féidir an t-aicmiú a úsáid chun aicmiú a dhéanamh ar chaiteachas ar thomhaltas comhchoiteann agus aonair an rialtais. Mar sin féin, léiríonn sé an ról atá ag cineálacha eile caiteachais freisin, amhail fóirdheontais, deontais infheistíochta agus cúnamh sóisialta in airgead tirim chun críoch beartais.

22.17 Baintear úsáid as COPNI chun cur síos agus anailís a dhéanamh ar chaiteachas institiúidí neamhbhrabúis príobháideacha a fhónann do theaghlaigh. Is iad seo a leanas na naoi mórchatagóir:

- (a) tithíocht;
- (b) sláinte;
- (c) áineas agus cultúr;
- (d) oideachas;
- (e) cosaint shóisialta;
- (f) reiligiún;
- (g) páirtithe polaitiúla, eagraíochtaí saothair agus eagraíochtaí gairmiúla;
- (h) cosaint an chomhshaoil; agus
- (i) seirbhísí g.a.e.

22.18 Is féidir úsáid a bhaint as COPP chun cur síos agus anailís a dhéanamh ar iompraíocht táirgeoirí. Aithnítear na sé mhórchatagóir seo a leanas:

- (a) eisíocaíochtaí ar bhonneagar;
- (b) eisíocaíochtaí ar thaighde agus forbairt;
- (c) eisíocaíochtaí ar chosaint an chomhshaoil;
- (d) eisíocaíochtaí ar mhargaíocht;
- (e) eisíocaíochtaí ar fhorbairt acmhainní daonna;
- (f) eisíocaíochtaí ar chláir táirgthe reatha, ar riarachán agus ar bhainistíocht.

In éineacht le faisnéis de réir idirbhirt, is féidir le COPP faisnéis a sholáthar maidir le “seachfhoinsí” seirbhísí gnó, i.e. ceannacháin seirbhísí comhfhreagracha ó thairgeoirí eile, seirbhísí amhail glanadh, lónadóireacht, iompar agus taighde, a chur in ionad gníomhaíochtaí coimhdeacha.

22.19 Taispeánann COFOG agus COPP caiteachas an rialtais agus caiteachas táirgeoirí ar chosaint an chomhshaoil. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun cur síos agus anailís a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir fás eacnamaíoch agus an comhshaoil.

22.20 Is féidir aicmiú a dhéanamh ar chaiteachas áirithe, amhail caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach agus tomhaltas idirmheánach, de réir feidhme agus de réir an ghrúpa táirgí. Taispeánann aicmiú de réir táirge cé acu táirgí atá i gceist agus tugann sé tuairisc ar na próisis táirgthe éagsúla agus ar na naisc idir iad agus soláthar agus úsáid táirgí. Tá codarsnacht idir an méid sin agus na haicmithe de réir feidhme ar na bealaí seo a leanas:

- (a) is féidir an fheidhm chéanna a bheith ag caiteachas ar tháirgí éagsúla;
- (b) is féidir feidhmeanna éagsúla a bheith ag caiteachas ar tháirge amháin;
- (c) ní idirbhearta táirgí atá i roinnt den chaiteachas, ach is féidir leis an gcaiteachas sin a bheith an-tábhachtach i gcomhair aicmithe de réir feidhme, e.g. fóirdheontais agus sochair slándála sóisialata in airgead tirim d'fhonn aicmiú a dhéanamh ar chaiteachas an rialtais ghinearálta.

MÓRTHRÉITHE NA GCUNTAS SATALÍTE

Cuntais satailíte de réir feidhme

- 22.21 Díríonn cuntais satailíte de réir feidhme ar chur síos agus ar anailís a dhéanamh ar an ngeilleagar de réir feidhme, amhail an comhshaol, sláinte, agus taighde agus forbairt. Soláthraíonn siad creat cuntasáíochta córasach le haghaidh gach feidhme. Ní sholáthraíonn siad forbhreathnú ar an ngeilleagar náisiúnta, ach díríonn siad ar a bhfuil ábhartha don fheidhm. Chuige sin, déanann siad sonraí nach bhfuil le feiceáil sa chreat lárnach comhiomlánaithe a thaispeáint, faisnéis a athchóiriú, faisnéis maidir le stoic agus sreafaí neamhairgeadaíochta a chur leis, neamhaird a thabhairt ar gach nach bhfuil ábhartha don fheidhm roghnaithe agus comhiomláin de réir feidhme a shainiú mar príomhchoincheapa.
- 22.22 Creat institiúideach den chuid is mó atá sa chreat lárnach. Is féidir le cuntas satailíte de réir feidhme cur chuige feidhmiúil a chomhcheangal le hanailís gníomhaíochta agus táirge. Tá cur chuige comhcheangailte den chineál sin úsáideach do go leor réimsí, amhail cultúr, spórt, oideachas, sláinte, cosaint shóisialta, turasóireacht, cosaint an chomhshaoil, taighde agus forbairt, cúnaimh forbartha, iompar, sábháilteacht agus tithíocht. Cumhdaíonn formhór na réimsí sin do sheirbhísí; go ginearálta, scaiptear iad thar roinnt gníomhaíochtaí agus comhfhreagraíonn in go leor cásanna d'ábhair atá bainteach le saincheisteanna i dtaobh fáis eacnamaíoch nó saincheisteanna a bhfuil gné shóisialta ag baint leo.
- 22.23 Príomhchoincheap i gcuntais satailíte de réir feidhme is ea caiteachas náisiúnta ar an bhfeidhm, mar a thaispeántar i dTábla 22.2. Tá an príomhchoincheap sin úsáideach freisin ó thaobh cumhdach an chuntais satailíte de réir feidhme a shainiú.
- 22.24 Chun anailís a dhéanamh ar na húsáidí atá ag feidhm, is é atá le déanamh ná ceisteanna a chur amhail “Cé mhéad acmhainní atá tiomnaithe d’oideachas, iompar, turasóireacht, cosaint an chomhshaoil agus próiseáil sonraí?”. D’fhonn ceisteanna den chineál sin a fhreagairt, ní mór cinntí a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) cé na táirgí atá ábhartha don réimse lena mbaineann. Cuimsíonn caiteachas náisiúnta úsáidí reatha uile na dtáirgí sin agus foirmiú caipitil i dtáirgí den sórt sin?
- (b) cé na gníomhaíochtaí a ndéanfar caipiteal a thairfeadh ina leith?
- (c) cé na haistrithe atá ábhartha don réimse seo?

Tábla 22.2 — Caiteachas náisiúnta ar fheidhm nó ar tháirge

	Sraith na sonraí bliantúla
Tomhaltas críochnaitheach iarbhír na dtáirgí roghnaithe	
Táirgí margaidh	
Táirgí neamh-mhargaidh	
Tomhaltas aonair	
Tomhaltas comhchoiteann	
Tomhaltas idirmheánach	
Tomhaltas iarbhír	
Tomhaltas inmheánach	
Ollfhoirmiú caipitil	
na dtáirgí roghnaithe	
eile	
Aistrithe reatha roghnaithe	
Aistrithe caipitil roghnaithe	
Úsáidí aonad cónaitheach arna maoiniú ag an gcuid eile den domhan	
Caiteachas náisiúnta	

Tábla 22.3 — Soláthar táirgí saintréitheacha agus táirgí bainteacha

	Aschur de réir tionscail				Táirgeoirí eile			Iomlán	Allmhairí	Soláthar iomlán ag bunphraghsanna	Corrlaigh trádála agus iompair	Cánacha ar tháirgí	Fóirdheontais ar tháirgí	Soláthar iomlán ag praghsanna na gceannaitheoirí
	Príomh-tháirge Táirge	tánaisteach Táirge	coimhdeach	Iomlán	Príomh-tháirge Táirge	tánaisteach Táirge	coimhdeach							
Táirgí saintréitheacha														
1.														
2.														
...														
Táirgí bainteacha														
1.														
2.														
...														
Táirgí eile														
Iomlán														

- 22.25 Ag brath ar an réimse, cuirfear béim ar an méid seo a leanas agus cuntas satailíte á leagan amach:
- (a) anailís mhionsonrithe ar tháirgeadh agus ar úsáidí na n-earraí agus na seirbhísí sonracha amhail T&F, TFC nó iompar;
 - (b) anailís mhionsonrach ar aistrithe, amhail aistrithe le haghaidh cosanta sóisialta;
 - (c) táirgeadh, úsáidí agus aistrithe ar chomhchéim, le haghaidh oideachais agus sláinte mar shampla;
 - (d) úsáidí den sórt sin, i réimsí amhail turasóireacht agus cosaint an chomhshaoil;
 - (e) maoiniú cosanta sóisialta agus sláinte ag rialtas agus ag institiúidí neamhbhrabúis.
- 22.26 Féadfar dhá chineál táirge a aithint: táirgí saintréitheacha agus táirgí bainteacha. Cuimsíonn an chéad chatagóir na táirgí is gnách don réimse a bhfuil staidéar á dhéanamh air. I gcás táirgí den chineál sin, is féidir leis an gcuntas satailíte a thaispeáint conas a tháirgtear na táirgí, cén cineál táirgeoirí atá i gceist, cén cineál saothair agus cén caipiteal seasta a úsáideann siad agus éifeachtúlacht an phróisis táirgthe. Mar shampla, i gcás sláinte, is táirgí saintréitheacha iad seirbhísí sláinte, seirbhísí riaracháin phoiblí, oideachas agus seirbhísí T&F i sláinte.
- 22.27 Bíonn táirgí bainteacha ábhartha maidir le feidhm ach í bhíonn siad tipiciúil, de bharr an chineáil táirge iad nó toisc go bhfuil siad aicmithe i gcatagóirí táirgí níos leithne. Mar shampla, i gcás sláinte, is seirbhís bhainteach é othair a iompar. Samplaí eile de tháirgí bainteacha is ea táirgí cógaisíochta agus earraí leighis eile, amhail spéaclaí. I gcás táirgí den sórt sin, ní thaispeánann an cuntas satailíte gnéithe an táirgthe. Braitheann an teorainn chruinn idir táirgí saintréitheacha agus táirgí bainteacha ar eagrúchán eacnamaíoch tíre agus ar chuspóir an chuntais satailíte.
- 22.28 Féadfaidh seirbhísí áirithe a bheith in dhá chuntas satailíte nó níos mó. Mar shampla, is táirge é taighde i seirbhísí sláinte in institiúidí ardoideachais atá ábhartha do chuntais satailíte maidir le T&F, chomh maith le hoideachas agus sláinte. Tugann sé sin le fios freisin go bhféadfaidh forluí a bheith i gceist le caiteachas náisiúnta ar fheidhmeanna éagsúla; féadfaidh comhaireamh dúbailte a bheith mar chuid de chomhiomlánú simplí caiteachas den sórt sin chun teacht ar iomlán mar chéatadán den OTI.
- 22.29 Féadfaidh na coincheapa atá sa chuntas satailíte diall uathu sin atá sa chreat lárnach. Mar shampla, féadfar obair dheonach a áireamh i gcuntais satailíte maidir le hoideachas agus sláinte. I gcás cuntais satailíte maidir le hiompar, féadfar seirbhísí iompair coimhdeacha a thaispeáint ar leithligh. I gcás cuntais satailíte maidir le cúnaimh forbartha, tugtar cuntas ar na hiasachtaí a dheonaítear le coinníollacha fabhracha. Déantar sochair nó costais atá mar thoradh ar rátaí úis atá níos ísle ná rátaí an mhargaidh a thairgeadh mar aistrithe intuigthe.
- 22.30 I gcás cuntas satailíte maidir le cosaint shóisialta agus cúnaimh forbartha, is iad aistrithe sonracha na comhpháirteanna is tábhachtaí den chaiteachas náisiúnta. I réimsí eile, amhail oideachas agus sláinte, is bealaí iad mórchuid na n-aistrithe, ar aistrithe comhchineáil a bhformhór, chun éadálacha ag úsáideoirí a mhaoiniú. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil siad ar áireamh cheana féin i gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach, tomhaltas idirmheánach agus foirmiú caipitil agus nár cheart iad a thairgeadh faoi dhó. Ní bhaineann sé sin leis na haistrithe go léir, áfach, e.g. is féidir deontais a fhaigheann mic léinn a úsáid chun eisíocáíochtaí éagsúla a mhaoiniú sa bhreis ar tháillí teagaisc nó leabhair scoile; ba cheart an chuid iarmharach sin a thairgeadh ansin mar aistriú sa chuntas satailíte.
- 22.31 Is féidir leis an gcuntas satailíte de réir feidhme forbheathnú a thabhairt ar na húsáideoirí nó ar na tairbhíthe. Is féidir le haicmiú úsáideoirí agus tairbhíthe a bheith bunaithe ar aicmiú earnálacha institiúideacha agus ar chineálacha táirgeoirí, e.g. táirgeoirí margaidh, táirgeoirí neamh-mhargaidh, an rialtas mar thomhaltóir comhchoiteann, teaghlaigh mar thomhaltóirí agus an chuid eile den domhan. Is féidir fochatagóirí éagsúla a aithint, e.g. de réir tionscail agus de réir fo-earnála institiúidí.
- 22.32 I gcás go leor cuntas satailíte, is iad teaghlaigh nó daoine aonair na cineálacha úsáideoirí agus tairbhíthe is tábhachtaí. Is gá miondealú breise a dhéanamh ar theaghlaigh ar mhaithe le hanailís agus beartas sóisialta. Féadfar critéir éagsúla a úsáid de réir cuspóirí éagsúla, amhail ioncam, aois, inscne, suíomh, etc. I gcás cuspóirí beartais agus anailíse, tá eolas ar líon na ndaoine atá i gceist i ngach catagóir riachtanach d'fhonn ríomh a dhéanamh ar an meántomhaltas nó ar an meánaistriú, nó ar líon na ndaoine nach mbaineann aon leas as.

Cuntais earnála speisialta

- 22.33 Tugann cuntais earnála speisialta forbheathnú atá dírithe ar thionscal amháin nó ar tháirge amháin, ar athghrúpáil tionscal éagsúil nó táirgí éagsúla, nó ar fho-earnáil amháin nó athghrúpáil fo-earnálacha éagsúla. Is féidir trí chineál cuntas earnála speisialta a aithint:
- (a) na cuntais sin atá nasctha le tionscail nó le táirgí;
 - (b) na cuntais sin atá nasctha le hearnálacha institiúideacha;

(c) na cuntais sin a chomhcheanglaíonn an dá chur chuige.

Is samplaí de chuntais eárnála speisialta a nasctar le tionscail nó le táirgí iad cuntais talmhaíochta, cuntais foraoiseachta agus iascaigh, cuntais turasóireachta, cuntais TFC, cuntais fuinnimh, cuntais iompair, cuntais foirgneamh cónaitheach agus cuntais eárnáil na cruithaitheachta.

Samplaí de chuntais eárnála speisialta atá nasctha le hearnálacha institiúideacha is ea staidreamh airgeadais rialtais, staidreamh airgeadais agus airgeadaíochta, comhardú na n-íocaíochtaí, cuntais na hearnála poiblí, cuntais le haghaidh institiúidí neamhbhrabúis, cuntais na dteaghlach agus cuntais ar ghníomhaíocht chorparáideach. Is féidir an staidreamh ar ioncam cánach a mheas mar tháblaí forlíontacha a ghabhann le staidreamh airgeadais rialtais.

- 22.34 Is féidir le cuntais eárnála speisialta díriú freisin ar anailís chomhtháite ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha taobh istigh d'earnáil institiúideach amháin nó níos mó. Mar shampla, is féidir cuntais fho-earnálacha na gcorparáidí neamhairgeadais a bhunú trí iad a ghrúpáil de réir a bpríomhghníomhaíochta eacnamaíche. Féadfaidh an anailís an próiseas eacnamaíoch iomlán a chumhdach, ó tháirgeadh go carnadh. Féadtar é sin a dhéanamh go córasach ar leibhéal réasúnta comhiomlánaithe den aicmiú caighdeánach de réir tionscail. Féadtar é a dhéanamh freisin le haghaidh tionscal roghnaithe a bhfuil leas ar leith ag tír iontu. Féadtar anailís den chineál céanna a dhéanamh i gcás gníomhaíochtaí táirgthe teaghlaigh, go dtí an pointe ag a ríomhtar ioncam fiontraíoch ar a laghad. Bíonn sé tairbheach freisin béim a chur ar ghníomhaíochtaí a bhfuil príomhról acu in idirbhearta seachtacha an gheilleagair. Féadfar iad seo a leanas a áireamh sna príomhghníomhaíochtaí sin: eárnáil an pheitrliam, bainc-éireacht, gníomhaíochtaí mianadóireachta, gníomhaíochtaí atá nasctha le barra sonracha, táirgí bia agus deochanna amháil caife, bláthanna, fíon agus uisce beatha, agus turasóireacht. Féadfaidh siad ról ríthábhachtach a bheith acu sa gheilleagar náisiúnta, trí chuntas a thabhairt ar chuid thábhachtach d'allmhairí, fostaíocht, sócmhainní airgeadraí eachtracha agus acmhainní rialtais. Féadfaidh eárnálacha a bhfuil aird speisialta ag dul dóibh ó thaobh beartais eacnamaíoch shóisialta de a bheith san áireamh sna príomhearnálacha freisin. Samplaí díobh sin is ea gníomhaíochtaí talmhaíochta a fhaigheann fóirdheontais agus aistrithe eile ón rialtas láir, ón rialtas áitiúil nó ón rialtas Eorpach nó gníomhaíochtaí talmhaíochta atá cosanta le dleachtanna suntasacha ar allmhairí.
- 22.35 Is é an chéad chéim maidir le cuntais eárnála speisialta a tharraingt suas na príomhghníomhaíochtaí agus a dtáirgí comhfhreagra a shainiú. Chuige sin, ní mór ítimí a bhaineann leis an aicmiú idirnáisiúnta caighdeánach de réir tionscail (ISIC — *International Standard Industrial Classification*) nó leis an aicmiú náisiúnta a chomhfhreagaíonn dó sin, a ghrúpáil le chéile. Braitheann leathnú na príomhearnála ar dhálaí eacnamaíocha agus ar na riachtanais beartais agus anailíse.
- 22.36 Bunaítear cuntas earraí agus seirbhísí do na príomhtháirgí a thaispeánann acmhainní agus úsáidí na dtáirgí sin. Cuirtear cuntas táirgeachta agus cuntas giniúna ioncaim le chéile do na príomhthionscail. I gcás na bpríomhthionscail agus na bpríomhtháirgí, úsáidtear aicmithe mionsonraithe chun an próiseas eacnamaíoch agus na nósanna imeachta luachála gaolmhara sa réimse sin a thuiscint ina n-iomláine. Is iondúil a bhíonn meascán idir praghsanna margaidh agus praghsanna riartha ann, chomh maith le córas casta cánacha agus fóirdheontas.
- 22.37 Féadfar anailís a dhéanamh ar na príomhtháirgí agus ar na príomhthionscail i gcomhthéacs tábla soláthair agus úsáide, mar a thaispeántar i dTábla 22.5 agus i dTábla 22.6. Taispeántar príomhthionscail go mionsonraithe sna colúin, agus féadtar tionscail eile a chomhiomlánú. Sna rónna, taispeántar príomhtháirgí go mionsonraithe, agus déantar táirgí eile a chomhiomlánú. Ag bun an tábla úsáide, taispeántar sna rónna ionchur saothair, ollfhoirmiú caipitil sheasta agus stoic sócmhainní seasta. I gcás ina bhfuil an phríomhghníomhaíocht chéanna ar bun ag cineálacha táirgeoirí atá an-ilchineálach, amháil feirmeoirí beaga agus fáschoillte móra atá faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag corparáidí, déantar idirdhealú idir an dá ghrúpa táirgeoirí, ós rud é go bhfuil struchtúir costas éagsúil acu agus go bhfuil iompraíocht éagsúil i gceist leo.
- 22.38 Tionsaítear sraith cuntas le haghaidh na príomhearnála. Chuige sin, ní mór treoirmharcáil a dhéanamh ar an bpríomhearnáil. I gcás gníomhaíochtaí ola agus mianadóireachta, is iondúil gur líon teoranta corparáidí móra a bhíonn sa phríomhearnáil. Clúdaítear gach idirbheart dá gcuid, fiú amháin nuair a bhíonn gníomhaíochtaí tánaisteacha ar bun acu. Is féidir tábhacht bhunúsach a bheith leis an idirdhealú idir corparáidí príobháideacha, corparáidí poiblí agus corparáidí faoi rialú eachtrach freisin nuair atáthar ag déileáil le príomhearnáil. Ní mór staidéir cúramach a dhéanamh ar na cuntais ghnó féin i gcás gach corparáide móire lena mbaíneann, d'fhonn anailís chomhtháite a dhéanamh. Féadfaidh cuid de na gníomhaíochtaí mianadóireachta a bheith ar bun ag corparáidí beaga nó ag gnóthais neamhchorpraithe. Ní mór na haonaid sin a chuimsiú sa phríomhearnáil, fiú amháin más gá brath ar fhaisnéis pháirteach a thagann ó shuirbhéanna staidrimh nó ó shonraí riaracháin.
- 22.39 In go leor cásanna, tá ról tábhachtach ag an rialtas maidir le príomhghníomhaíochtaí, trí bhíthin cánacha agus fáltais ó ioncam ó mhaoin, nó trí bhíthin gníomhaíochta rialála agus fóirdheontas. Dá réir sin, tá staidéar mionsonraithe ar idirbhearta idir an phríomhearnáil agus an rialtas ginearálta tábhachtach. Is féidir aicmiú idirbheart a leathnú chun sreafaí den sórt sin a bhaineann leis an bpríomhghníomhaíocht a aithint, na cánacha ábhartha ar tháirgí san áireamh. Is féidir le gníomhaireachtaí rialtais éagsúla, amháil aireachtaí sainchuspóireacha, ollscoileanna, cistí agus cuntais speisialta, chomh maith leis an mbuiséad ginearálta féin, na sreafaí sin a fháil. I gcomhair anailíse, féadfaidh sé a bheith an-tairbheach an úsáid a bhaineann an rialtas as cistí den sórt sin a chur i iúl. Ní mór, dá bharr sin, anailís de réir cuspóra a dhéanamh ar an gcuid sin de chaiteachas an rialtais.

Tábla 22.5 Tábla soláthair le haghaidh príomhthionscal agus príomhtháirgí

	Aschur de réir tionscail			Táirgeoirí eile	Iomlán	Onnmhairí	Solát har iomlán ag bunphragsanna	Corraigh trádála agus iompair	Cánacha ar tháirgí	Fóirdheontais ar tháirgí	Soláthar iomlán ag praghsanna na gceannaitheoirí
	Príomhthionscail	1	2 ...								
Príomhtháirgí											
1.											
2.											
...											
Táirgí eile											
Iomlán											

Tábla 22.6 — Tábla úsáide le haghaidh príomhthionscail agus príomhtháirgí

	Costas táirgthe de réir tionscail				Táirgeoirí eile	Iomlán	Onnmha- irí	Tomhaltas críochnaitheach			Iomlán	Ollfhoirmiú caipitil	Úsáid iomlán ag praghsanna na gceannai- theoirí
	1	2	...	Iomlán				Teaghlaigh	Rialtas	INBFT			
Táirgí saintréitheacha													
1.													
2.													
...													
Táirgí eile													
Iomlán													
Cúiteamh d'fhostaithe													
Glanchánacha eile ar tháirgeadh													
Ídiú caipitil sheasta													
Glanbharrachas oibriúcháin													
Iomlán													
Faisnéis fhorlíontach													
Ionchuir saothair													
Ollfhoirmiú caipitil sheasta													
Glanstoc caipitil sheasta													

- 22.40 I gcás ina bhfuil na príomhghníomhaíochtaí bunaithe ar acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite, amhail acmhainní fo-ithreacha, déanann cuntais na príomhearnála na hathruithe ar na hacmhainní sin de bharr fionnachtana agus ídithe a thaifeadh sa chuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní, agus déanann siad na gnóthachain agus cailteanais sealúchais maidir leo a thaifeadh sa chuntas athluachála. Tá na sonraí sin ríthábhachtach chun feidhmíocht eacnamaíoch an gheilleagair a mheasú. Ar bhonn níos leithne, féadfar cuntais na príomhearnála a leathnú chun cuntasáíocht chomhshaoil a chuimsiú.
- 22.41 Féadtar cuntais na príomhearnála a chuimsiú faoi na cuntais eacnamaíocha comhtháite. Tugtar colún nó grúpa colún isteach do na príomhearnálacha agus athaimnítear colún eile nuair is ábhartha, amhail “corparáidí neamhairgeadais eile” nó “teaghlach eile”. Ciallaíonn sé sin gur féidir scaireanna na príomhearnála agus na nearnálacha eile a fheiceáil faoi idirbhearta agus faoi ítimí comhardaithe. Braitheann formáid bheacht tábla dá leithéid ar na cuspóirí atá i gceist. Céim eile a fhéadfaidh a bheith i gceist ná an gaol idirearnálach idir an phríomhearnáil agus eearnálacha eile, lena n-áirítear an chuid eile den domhan, a thaispeáint i dtáblaí breise.

Sonraí neamhairgeadaíochta a chuimsiú

- 22.42 Mórthréith amháin a bhaineann le go leor cuntas satailíte is ea sonraí neamhairgeadaíochta a chuimsiú, amhail sonraí ar astuithe CO₂ de réir tionscail a chuimsiú sna cuntais chomhshaoil nó líon cóireálacha de réir an chineáil chúraim sláinte a chuimsiú sna cuntais sláinte. Má dhéantar sonraí neamhairgeadaíochta dá leithéid a nascadh le sonraí airgeadaíochta, féadtar príomhchóimeasa a sholáthar, amhail astú CO₂ in aghaidh na mbillíun euro de bhreisluach nó na costais in aghaidh na cóireála. Tá réimse leathan samplaí le fáil i dTábla 22.7.

Sonraí breise agus coincheapa forlíontacha

- 22.43 Dhá mhórthréith eile de chuntas satailíte is ea sonraí breise agus coincheapa forlíontacha. Tá réimse leathan samplaí le fáil i dTábla 22.8 agus i dTábla 22.9.

Tábla 22.7 Samplaí de sonraí neamhairgeadaíochta i gcuntais satailíte

Cuntas satailíte	Sampla de sonraí neamhairgeadaíochta	Cóimheas idir sonraí airgeadaíochta agus sonraí neamh-airgeadaíochta?
Cuntais oideachais	Líon na ndaltaí agus na mac léinn	Costais agus táill in aghaidh an dalta/an mhic léinn
	Líon na múinteoirí	Cúiteamh d'fhostaithe in aghaidh an mhúinteora
Cuntais chomhshaoil	Tonaí ola	Praghas ar ola in aghaidh an bhairille
	Astuithe CO ₂ de réir tionscail	Astuithe CO ₂ de réir tionscail in aghaidh na mbillíun euro de bhreisluach
Cúrsaí airgeadais rialtais	Fostaíocht in eárnáil an rialtais	Cúiteamh d'fhostaithe in aghaidh an fhostaí
	Líon na sochar sóisialta	Meánsóchar sóisialta
Cuntais sláinte	Líon na gcóireálacha/na n-othar de réir an chineáil chúraim sláinte	Costais in aghaidh na cóireála/an othair
Cuntais táirgeachta teaghlach	Úsaid ama i dtáirgeadh teaghlach	Deischostas úsaide ama
Cuntais saothair	Fostaíocht de réir tionscail (uaireanta oibríthe/coibhéis lánaimseartha)	Cúiteamh d'fhostaithe in aghaidh na n-uaireanta an chloig oibríthe/na cóibhéise lánaimseartha
	Líon na bpost	
Cuntais táirgiúlachta agus fáis	Ionchur saothair de réir tionscail	Táirgiúlacht saothair de réir tionscail
Cuntais T&F	Líon na bpaitinní deonaithe	
	Fostaíocht san eárnáil T&F	Cúiteamh d'fhostaithe in aghaidh an fhostaí
Cuntais sábháilteachta	Líon na bpriosúnach	Costais in aghaidh an phriosúnaigh
Cuntais chosanta sóisialta	Líon na sochar sóisialta, e.g. tairbhíthe pinsin	Meánsóchar sóisialta in aghaidh (an chineáil) scéime
Cuntais turasóireachta	Líon na dturasóirí	Caiteachas in aghaidh an tuarasóra

Tábla 22.8 Samplaí de bhreis sonraí i gcuntais satailíte éagsúla

Cuntas satailíte	Sonraí breise
Cuntais talmhaíochta	Sonraí breise ar tháirgeadh táirgí éagsúla talmhaíochta
Cuntais chomhshaoil	Go leor sonraí breise ar luachanna stoc agus sreafaí acmhainní nádúrtha Sonraí breise ar chaiteachas ar chosaint an chomhshaoil
Cuntais sláinte	Miondealú mionsonraithe ar sheirbhísí cúraim sláinte
Cúntais táirgeachta teaghlach	Táirgeadh teaghlach miondealaithe de réir príomhfheidhme (e.g. tithíocht, cothú, cúram)
Cuntais rachmais agus ioncaim phearsanta	Faisnéis ar dháileadh rachmais agus ioncaim phearsanta
Cuntais saothair agus MCS	Cúiteamh d'fhostaithe agus fostaíocht de réir aoise, inscne agus leibhéal oideachais
Cuntais chosanta sóisialta	Ioncam agus caiteachas de réir scéime cosanta sóisialta aonair agus de réir ghrúpáil na scéimeanna
Cuntais ioncaim chánach	Miondealú ar ioncam chánach in aicmiú i bhfad níos mionsonraithe

Tábla 22.9 Samplaí de choincheapa forlíontacha i gcuntais satailíte éagsúla

Cuntas satailíte	Coincheapa forlíontacha
Cuntais talmhaíochta	Trí tháscaire d'ioncam ó thalmhaíocht
Cuntais chomhshaoil	Cánacha comhshaoil
Cúrsaí airgeadais an rialtais	Ioncam agus caiteachas an rialtais
Cuntais na hearnála neamhfhoirmiúla	An earnáil neamhfhoirmiúil
Cuntais táirgiúlachta agus fáis	Táirgiúlacht iomlán fachtóra
Cuntais cosanta sóisialta	Caiteachas iomlán ar shochair seanaoise
Táblaí ioncaim chánach	Iomlán an ioncaim chánach de réir sainmhínte éagsúla

Bunchoincheapa éagsúla

22.44 Níl úsáid bunchoincheap éagsúil coitianta i gcuntas satailíte. Éagsúlacht amháin réasúnta beag is ea nach láimhseáiltear seirbhísí áirithe mar sheirbhísí choimhdeacha i gcás cuntas satailíte áirithe, e.g. i gcás cuntas satailíte iompair, ní láimhseáiltear seirbhís iompair mar sheirbhís choimhdeach. I gcás cuntas satailíte áirithe, áfach, d'fhéadfadh gá a bheith le mórathruithe sna bunchoincheapa, e.g. d'fhéadfaí an táirge intíre sa chuntas comhshaoil a choigeartú i leith ídiú acmhainní nádúrtha. Tá samplaí le fáil i dTábla 22.10.

Samhaltú a úsáid agus torthaí turgnamhacha a chuimsiú

22.45 Féadfar torthaí turgnamhacha a chuimsiú nó samhaltú a úsáid i roinnt cuntas satailíte; níl na figiúirí sa chuntas satailíte chomh hiontaofa leo siúd atá sna bunchuntais. Mar sin féin, úsáidtear samhlacha matamaiticiúla nó eacnaméadracha agus cuimsítear torthaí turgnamhacha chun na bunchuntais a thiomsú. Dá bhrí sin, ní difríocht bhunúsach idir cuntas satailíte agus creat na mbunchuntas atá ann. Léirítear na saincheisteanna sin go léir sna samplaí i dTábla 22.11.

Tábla 22.10 Samplaí de bhunchoincheapa éagsúla i gcuntais satailíte

Cuntas satailíte	Bunchoincheap éagsúil
Cuntais chomhshaoil	Táirgeacht intíre a choigeartú i leith ídiú, chaiteachas an rialtais ar chosaint agus i gcomhair díghráidithe
Cuntais sláinte	Ní seirbhís choimhdeach é cúram sláinte ceirde

Cuntas satailíte	Bunchoincheap éagsúil
Cuntais táirgeachta teaghlach	Áirítear seirbhísí neamhíoctha teaghlach agus seirbhísí deonacha mar tháirgeadh
Cuntais fhadaithe	Cuntais lena n-áirítear coincheapa níos leithne maidir le táirgeadh agus foirmiú caipitil (e.g. caipiteal daonna agus earraí marthanacha tomhaltais)
Tábla forlíontach pinsean	Láimhseáiltear sochair shainithe pinsin neamhchistithe mar dhliteanais agus mar shócmhainní
Cuntais iompair	Ní seirbhís choimhdeach iad seirbhísí iompair

Tábla 22.11 Samplaí d'úsáid samhlacha eacnaiméadracha nó matamaiticiúla i dtiomsú an chreata lárnaigh agus cuntas satailíte

Creat lárnach	<p>Meastachán ar luach sócmhainní airgeadais nó sócmhainní neamhtháirgthe mar ghlanluach reatha ioncaim agus caiteachas ionchais na todhchaí</p> <p>Anailís chúlchéimnithe a úsáid chun suirbhéanna teaghlach a cheartú i gcás nach dtugtar freagra</p> <p>Meastachán ar ghlanstoc caipitil sheasta agus ar thomhaltas caipitil sheasta agus úsáid á baint as modh an stoc-chuntais shíoraí, as saolréanna ionchais eacnamaíocha agus as feidhmeanna matamaiticiúla dímhéasa</p> <p>Meastachán ar luach seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe agus úsáid á baint as sonraí stoic tithíochta, rátaí margaidh cíosa agus anailís chúlchéimnithe</p> <p>Meastachán ar cheartúcháin shéasúracha agus úsáid á baint as samhail mhatamaiticiúil</p> <p>Meastachán ar athruithe héadónacha ar phraghas agus úsáid á baint as uirlis mhatamaiticiúil</p>
Cuntais satailíte	
Cuntais chomhshaoil	Meastachán ar luach an ídithe agus an díghrádaithe
Cuntais táirgeachta teaghlach	Meastachán ar luach na seirbhísí neamhíoctha teaghlach
Cuntais na hearnála neamhfhoirmiúla	Meastachán thurgnamhacha ar luach cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla
Cuntais táirgíúlachta agus fáis	Meastachán ar mhéid an ionchuir chaipitil agus úsáid á baint as feidhmeanna éifeachtúlachta-aoise do gach cineál sócmhainn
Tábla forlíontach pinsean	Meastachán ar na teidlíochtaí pinsin agus úsáid á baint as cineálacha éagsúla toimhdí achtúireacha maidir le déimeagrafaíocht, ráta lascaire agus fás ar an ráta pá

Tábla le torthaí turgnamhacha maidir le caiteachas T&F a láimhseáil mar fhoirmiú caipitil

Cuntais satailíte a leagan amach agus a thiomsú

- 22.46 Tá ceithre chéim i gceist le cuntas satailíte a leagan amach agus a thiomsú:
- na cuspóirí, úsáidí agus ceanglais a shainiú;
 - an méid atá ábhartha a roghnú ó na cuntais náisiúnta;
 - faisnéis fhorlíontach ábhartha a roghnú, e.g. ó staidreamh sonrach éagsúil nó ó fhoinsí sonraí riaracháin;
 - an dá shraith de choincheapa agus figiúirí a chomhcheangal i sraith amháin táblaí agus cuntas.
- 22.47 Nuair a dhéantar cuntais satailíte a leagan amach agus a thiomsú den chéad uair, is minic a fheictear, le linn na gceithre chéim, torthaí nach rabhtas ag súil leo. Dá bhrí sin, is obair idir lámha atá i gceist le cuntais satailíte a tharraingt suas. Ní tharlóidh sé go dtí go bhfuil taithí faighte i dtaobh an cuntas satailíte a thiomsú agus a úsáid, agus modhuithe a dhéanamh nuair is gá go mbeifear in ann sraith thurgnamhach táblaí a aistriú go táirge staitistiúil aibí.
- 22.48 Nuair a roghnaítear an méid atá ábhartha ó na cuntais náisiúnta, is féidir trí ghné a aithint: na coincheapa idirnáisiúnta maidir le cuntasíocht náisiúnta, na coincheapa oibríochtúla a úsáidtear i staidreamh cuntais náisiúnta tíre, agus iontaofacht staidreamh na gcuntas náisiúnta.

- 22.49 Nuair atá cuntas satailíte á leagan amach agus á thiomsú, is minic a nochtáítear gnéithe eile agus coincheapa an chreata lárnaigh á chur i bhfeidhm chun críche ar leithligh. Ó thaobh an chuspóra de, féadfaidh na gnéithe sin a bheith ina gcúnamh ach féadfaidh srianta gan choinne a bheith i gceist leo freisin. Mar shampla, agus cuntas T&F á leagan amach agus á thiomsú den chéad uair, féadfar fadhbanna a nochtadh amhail forluí le T&F maidir le bogearraí agus cúram sláinte, nó ról ilnáisiúntach in T&F a allmhairiú agus a onnmhairiú.
- 22.50 Baineann próiseas cosúil leis na coincheapa oibríochtúla a úsáidtear chun staidreamh ar chuntais náisiúnta a thiomsú. Féadfaidh sonraí riachtanacha a bheith ar iarraidh mar gheall ar leibhéal ró-chomhiomlánaithe tiomsúcháin nó foilseacháin, nó d'fhéadfadh sé nár cuireadh na coincheapa uilíocha i bhfeidhm go dian. Mar shampla, féadfaidh gníomhaíochtaí T&F roinnt mór-ilnáisiúntach a bheith cuimsithe i dtionscail a mórgníomhaíochtaí seachas i seirbhísí an tionscail T&F.
- 22.51 Féadfaidh fadhb a bheith le hiontaofacht codanna den staidreamh ar na cuntais náisiúnta. Tiomsaíodh agus foilsíodh an staidreamh ar na cuntais náisiúnta gan chuspóir an chuntais satailíte a áireamh. Trí na figiúirí ábhartha a roghnú as staidreamh na gcuntas náisiúnta oifigiúil, is minic a léireofar nach bhfuil méid, comhdhéanamh ná forbairt thar thréimhse ama sochreidte don chuspóir atá i gceist. Dá bhrí sin, ní mór foinsí reatha sonraí agus modhanna tiomsaithe a sheiceáil agus a fheabhsú le foinsí sonraí breise nó le modhanna feabhsaithe tiomsaithe.
- 22.52 Cruthófar fadhbanna den chineál céanna ó thaobh coincheap agus figiúirí de má roghnaítear faisnéis ábhartha ó fhoinsí seachas na cuntais náisiúnta, amhail faisnéis ó staidreamh oifigiúil eile nó ó fhoinsí sonraí riaracháin: féadfaidh na coincheapa a úsáidtear go hoifigiúil lochtanna a léiriú ó thaobh chuspóir sonrach an chuntais satailíte de, féadfaidh na coincheapa iarbhír a úsáidtear a bheith difriúil leis na coincheapa oifigiúla, agus féadfaidh fadhbanna a bheith ann maidir le hiontaofacht, mionsonraí, tráthúlacht agus minicíocht. Ba cheart dul i ngleic leis na fadhbanna sin go léir trí mheastacháin bhreise a dhéanamh chun na difríochtaí i gcoincheapa a sháru, trí shreafaí a aicmiú i dtéarmaí neamhairgeadaíochta de réir tionscail nó de réir earnála, nó trí na coincheapa a úsáidtear sa chuntas satailíte a choigeartú.
- 22.53 Teastaíonn obair bhreise chun an fhaisnéis sna cuntais náisiúnta agus faisnéis eile a chomhcheangal i sraith amháin táblaí nó cuntas: ba cheart easnaimh, forluí agus neamhréireachtaí uimhriúla a réiteach agus ba cheart measúnú a dhéanamh ar shochreidteacht na dtorthaí. Is fearr sraith táblaí atá comhardaithe go hiomlán a bheith ann. B'fhéidir go mbeadh gá, áfach, na neamhréireachtaí idir foinsí sonraí agus cineálacha eile cur chuige a thaispeáint.
- 22.54 Féadfaidh céimeanna breise a bheith i gceist le tairge le haghaidh úsáideoirí sonraí a dhéanamh de chuntas satailíte comhshesmhach. Féadfar tábla forbheathnaithe ina bhfuil príomhtháscairí le haghaidh roinnt blianta a thabhairt isteach. D'fhéadfadh na príomhtháscairí sin díriú ar chur síos a dhéanamh ar mhéid, ar chomhpháirteanna agus ar fhorbairtí i leith na saincheiste sonraí atá i dtrácht, nó féadfaidh siad na naisc leis an ngeilleagar náisiúnta agus a phríomh-chomhpháirteanna a thaispeáint. Féadfar sonraí breise nó aicmithe atá ábhartha ar mhaithe le cuspóirí polaitiúla agus anailíse a chur leis. Féadfar fáil réidh le sonraí a mbaineann breisluach íseal leo nó a tiomsaíodh ag costais réasúnta ard. D'fhéadfaí díriú freisin ar chastacht na dtáblaí a laghdú, simplíocht agus trédhearcacht a mhéadú d'úsáideoirí sonraí agus roinnt miondealuithe leabharchoimeáda caighdeánacha a chuimsiú i dtábla ar leithligh.

NAOI GCUNTAS SATAILÍTE SHONRACHA

22.55 Sa chuid eile den Chaibidil seo, déantar na cuntais satailíte seo a leanas a phlé ar bhealach achomair:

- (a) cuntais talmhaíochta;
- (b) cuntais chomhshaoil;
- (c) cuntais sláinte;
- (d) cuntais tairgeachta teaghlach;
- (e) cuntais saothair agus Mairísí Cuntasaíochta Sóisialta;
- (f) cuntais tairgiúlachta agus fáis;
- (g) cuntais taighde agus forbartha;
- (h) cuntais chosanta sóisialta;
- (i) cuntais turasóireachta.

Cuntais talmhaíochta

22.56 Sampla de chuntas talmhaíochta is ea na Cuntais Eacnamaíochta Talmhaíochta ⁽¹⁾. Is é an cuspóir atá aige cur síos a dhéanamh ar tháirgeadh talmhaíochta agus ar fhorbairt ioncaim ó thalmhaíocht. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun anailís a dhéanamh ar staid eacnamaíoch talmhaíochta Ballstáit agus chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta san Aontas.

22.57 Is éard is Cuntais Eorpacha Talmhaíochta ann, cuntas táirgeachta, cuntas giniúna ioncaim, cuntas ioncaim fhiontraíoch agus cuntas caipitil do tháirgeadh talmhaíochta. Tá sa chuntas táirgeachta miondealú a thaispeánann an t-achur do réimse iomlán táirgí talmhaíochta chomh maith le gníomhaíochtaí tánaisteacha neamhthalmhaíochta; ina theannta sin, tugtar mionsonraí suntasacha maidir le tomhaltas idirmheánach agus foirmiú caipitil. Tugtar sonraí maidir leis an gcuntas táirgeachta agus ollfhoirmiú caipitil sheasta ar phraghsanna reatha agus i dtéarmaí méideanna arson. Ina theannta sin, cuirtear trí tháscaire maidir le hioncam ó thalmhaíocht i láthair mar seo a leanas:

- (a) innéacs d'ioncam réadach ó fhachtóirí i dtalmhaíocht in aghaidh an aonaid oibre bhliantúil, a nglactar leis mar an choibhéis lánaimseartha;
- (b) innéacs de ghlanioncam réadach fiontraíoch ó thalmhaíocht in aghaidh an aonaid oibre bhliantúil neamh-thuarastail, a nglactar leis mar an choibhéis lánaimseartha;
- (c) glanioncam fiontraíoch ó thalmhaíocht.

Faightear innéacsanna agus athruithe i dtéarmaí réadacha luachanna na dtáscairí ioncaim trí na sonraí ainmiúla comhfhreagracha a dhíbhóilsciú le hinnéacs praghsanna intuigthe OTI.

22.58 Tá an tionscal talmhaíochta sna Cuntais Eorpacha Talmhaíochta an-chosúil leis an tionscal talmhaíochta sa chreat lárnach. Tá roinnt difríochtaí ann, áfach. Mar shampla, fágtar amach aonaid atá i mbun táirgeadh síolta chun críoch taighde nó deimhniúcháin nó aonaid nach bhfuil sa ghníomhaíocht talmhaíochta ach gníomhaíocht áineasa dóibh. Ach cuimsítear i dtionscal na talmhaíochta formhór gníomhaíochtaí talmhaíochta na n-aonad sin nach gníomhaíocht talmhaíochta a bpríomhghníomhaíocht.

22.59 Dírionn na Cuntais Eorpacha Talmhaíochta ar an bpróiseas táirgthe agus ar an ioncam a fhaightear as. I bprionsabal, áfach, ní gá do chuntas satailíte talmhaíochta freagairt go hiomlán do na Cuntais Eorpacha Talmhaíochta. D'fhéadfadh tábla soláthair agus úsáide a sholáthraíonn forbheathnú córasach ar sholáthar agus ar úsáid táirgí talmhaíochta a bheith san áireamh i gcuntais talmhaíochta freisin. Chuirfeadh sé sin faisnéis ar fáil freisin maidir le ról na n-allmhairí, lena n-áirítear ról dleachtanna ar allmhairí, agus faoi na forbairtí in éileamh ar tháirgí talmhaíochta amhail allmhairí agus tomhaltas críochnaitheach na dteaghlach agus an ról atá ag cánacha gaolmhara agus ag fóirdheontais ghaolmhara. D'fhéadfaí na cuntais talmhaíochta a leathnú freisin trí roinnt gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta tánaisteacha a chuimsiú freisin, amhail gníomhaíochtaí áineasa. Féadfaidh sé sin meicníochtaí ionadaithe agus treochoirí tábhachtacha a léiriú. Is féidir idirghníomhaíocht shainráite a bheith ann leis an rialtas trí thábla a thaispeánann ioncam agus aistriú caipitil iomlán an rialtais áitiúil, an rialtas láir nó an rialtas Eorpaigh leis an tionscal talmhaíochta a chur leis; féadfar láimhseáil speisialta sa chóras cánach a chuimsiú freisin. D'fhéadfaí cuntais talmhaíochta a leagan amach mar chuntas earnála speisialta freisin agus seicheamh iomlán cuntas a chur san áireamh, lena n-áirítear cláir chomhardaithe agus cuntais airgeadais, le haghaidh feirmeoirí agus corparáidí atá i mbun talmhaíochta.

Cuntais chomhshaoil

22.60 Sna treoirlínte idirnáisiúnta ar chuntais chomhshaoil (Córas Cuntasaoíochta Eacnamaíche agus Comhshaoil, CCEC, 2003) ⁽²⁾, tugtar creat cuntasaoíochta mionsonraithe chun cur síos agus anailís a dhéanamh ar an gcomhshaoil agus ar a idirghníomhaíochtaí leis an ngeilleagar. Is cuntas satailíte de chuid na gcuntas náisiúnta iad na cuntais chomhshaoil. Tugann sé sin le tuiscint go n-úsáidtear na haicmithe agus na coincheapa céanna; tugtar modhnuithe isteach nuair is gá chun críche na gcuntas chomhshaoil.

22.61 Ceadáíonn an tsraith chomhtháite cuntas d'fhaisnéis eacnamaíoch agus chomhshaoil anailís a dhéanamh ar rannchuidiú an chomhshaoil leis an ngeilleagar agus ar thionchar an gheilleagair ar an gcomhshaoil. Comhlíonann sé riachtanais lucht ceaptha beartas trí tháscairí agus staidreamh tuairiscithe a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir an comhshaoil agus an geilleagar. Fónann sé freisin mar uirlis le haghaidh pleanála straitéisí agus anailíse beartais, d'fhonn bealaí forbartha níos inbhuanaithe a shainaithint. Mar shampla, i gcás lucht ceaptha beartas a chinneann forbairt tionscal a bhaineann úsáid fhorleathan as acmhainní comhshaoil mar ionchur nó mar linnte stórála, ní mór dóibh a bheith ar an eolas maidir leis na héifeachtaí fadtéarmacha comhshaoil a bhaineann leo. Ní mór do lucht ceaptha beartas a shocraíonn caihdeáin chomhshaoil a bheith ar an eolas freisin maidir leis na hiarmhairtí is dóighe a bheidh i gceist don gheilleagar, e.g. cé na tionscail a bhféadfadh drochthionchar a imirt orthu, agus cén iarmhairt a bheadh ann do chúrsaí fostaíochta agus do chumhacht ceannaigh. Is féidir straitéisí comhshaoil malartacha a chur i gcomparáid trí na hiarmhairtí eacnamaíochta a chur san áireamh.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir leis na cuntais eacnamaíochta talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch 1).

⁽²⁾ Is faoi fhreagracht chomhpháirteach na Náisiún Aontaithe, an Choimisiúin Eorpaigh, an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus an Bhainc Dhomhanda a fhoilsítear an Lámhleabhar.

- 22.62 Tá gnéithe éagsúla den chuntasaíocht chomhshaoil curtha san áireamh sa chreat lárnach freisin. Aithnítear go háirithe go leor ítimí costais agus caipitil cuntasaíochta d'acmhainní nádúrtha ar leithligh sna haicmithe agus sna cuntais a dhéileáilann le stoic agus le hathruithe eile ar mhéid na sócmhainní. Mar shampla, taispeánann aicmiú na sócmhainní neamhtháirgthe ítimí ar leithligh do shócmhainní fo-ithreach amhail stoic ola, cúltaisc mianraí, acmhainní bitheolaíoch neamhshaothraithe agus acmhainní uisce. Éascaíonn gnéithe den sórt sin úsáid an chreata lárnaigh mar thúsphointe don chuntasaíocht chomhshaoil. Déantar tuilleadh miondealaithe ar roinnt gnéithe den chreat lárnach, áfach, go háirithe iad siúd atá sa chuntas athruithe eile ar an méid, agus athaicmítear iad sa chuntas satailíte, agus cuirtear gnéithe eile leo.
- 22.63 Ó thaobh an chomhshaoil de, tá dhá phríomh-mhíbhuntáiste ag baint leis an gcreat lárnach agus a phríomh-chomhiomláin amhail OTI, foirmiú caipitil agus coigilt. Ar an gcéad dul síos, tá cumhdach teoranta ar ídiú agus ar ghanntanas acmhainní nádúrtha, agus féadfaidh na fachtóirí sin bheith ina mbagairt do tháirgiúlacht inbhuanaithe an gheilleagair. Ar an dara dul síos, ní chumhdaíonn an creat lárnach díghrádú cháilíocht an chomhshaoil agus na hiarmhairtí aige sin do shláinte agus do leas daoine.
- 22.64 Sa chreat lárnach, ní chuirtear ach sócmhainní táirgthe san áireamh nuair atá breisluach glan á ríomh. Léirítear costas a n-úsáide sa tomhaltas idirmheánach agus sa tomhaltas caipitil sheasta. Tá sócmhainní nádúrtha neamhtháirgthe — amhail talamh, cúltaisc mianraí agus foraoisí — san áireamh sa teorainn sócmhainne a mhéid is atá siad faoi rialú éifeachtach aonad institiúideach. Ní thugtar cuntas ar chostas a n-úsáide sna costais táirgthe, áfach. Tugtar le fios leis sin nach léiríonn praghas na dtáirgí costais den chineál sin, nó, i gcás costas ídithe, go bhfuil costais den chineál sin san áireamh le gnéithe neamhaitheanta eile sa díorthú iarmharach de bharrachas oibriúcháin. Ceadaítear le cuntais chomhshaoil costais den chineál sin a aithint agus a mheas go sainráite.
- 22.65 Tá cúig chatagóir i gcreat cuntasaíochta comhshaoil CCEC 2003:
- (a) cuntais sreafaí fisiceacha agus hibrideacha;
 - (b) cuntais eacnamaíoch a gcomhair idirbheart comhshaoil;
 - (c) cuntais sócmhainní comhshaoil i dtéarmaí fisiceacha agus airgeadaíochta;
 - (d) cuntais maidir le caiteachas ar chosaint an chomhshaoil agus ídiú acmhainní nádúrtha;
 - (e) comhiomláin an chreata lárnaigh a mhodhnú chun díghrádú a chur san áireamh.
- 22.66 Déantar ceithre chineál sreafaí éagsúla a thaifeadh sna cuntais sreafaí fisiceacha agus hibrideacha:
- (a) acmhainní nádúrtha: acmhainní fuinnimh, mianraí, uisce, ithreach agus acmhainní bitheolaíoch. A luaithe a dhíoltar ar mhargáí iad, téann siad isteach sa réimse eacnamaíoch agus is féidir cur síos a dhéanamh orthu mar tháirgí;
 - (b) ionchuir san éiceachóras: ocsaigin atá riachtanach do dhóchan agus uisce a thagann ó bháisteach nó ó chúrsaí uisce nádúrtha agus ionchuir nádúrtha eile amhail cothaithe, agus dé-ocsaíd charbóin atá ag teastáil ó phlandaí chun fáis; ní chuimsíonn sé sin uisce, cothaithe ná ocsaigin arna soláthar mar tháirgí ag an ngeilleagar;
 - (c) táirgí: earraí agus seirbhísí a tháirgtear taobh istigh den réimse eacnamaíoch agus a úsáidtear taobh istigh de, lena n-áirítear sreafaí earraí agus seirbhísí idir an geilleagar náisiúnta agus an chuid eile den domhan. Áirítear leis sin sócmhainní bitheolaíoch saothraithe, acmhainní nádúrtha díolta nó ceannaithe amhail ola, adhmaid agus uisce, agus dramhábhair a mbaineann luach eacnamaíoch leo;
 - (d) iarmharaigh: aschuir theagmhasacha ón ngeilleagar nach bhfuil ag teastáil, agus a bhfuil luach nialasach nó luach diúltach acu don ghineadóir. Cuimsíonn iarmharaigh fuíollábhair sholadacha, leachtacha agus ghásacha. Féadfar iad a athchúrsáil, a athúsáid nó a scaoileadh isteach sa chomhshaoil. D'fhéadfadh luach deimhneach a bheith ar iarmharaigh maidir le haonad seachas an ghiniúint. Mar shampla, níl aon luach don teaghlach ag dramháil teaghlaigh a bhailítear i gcomhair athchúrsála, ach d'fhéadfadh luach a bheith aige don athchúrsála. I gcás dramhábhair a bhfuil luach acu atá inréadaithe ag an ngineadóir, amhail trealamh díofa, láimhseáiltear mar tháirgí agus ní mar iarmharaigh iad.
- 22.67 Déantar sreafaí fisiceacha a thomhais in aonaid chainníochta, a léiríonn tréithe fisiceacha an ábhair, an fhuinnimh nó na n-iarmharach atá i gceist. Is féidir sreabhadh fisiceach a thomhais in aonaid mhalartacha ag brath ar an tréith fhisiceach a chuirtear san áireamh. Tá oiriúnacht aonaid áirithe ag brath ar chuspóir agus ar úsáid bheartaithe an chuntais sreafaí. I gcás cuntasaíochta sreafaí fisiceacha, is iad meáchan agus méid na tréithe

fisiceacha is minice a úsáidtear. I gcás sreafaí fuinnimh, is iad giúil nó tonáí de choibhéis ola na haonaid is coitianta a úsáidtear. Is iondúil go mbíonn na haonaid chainníochta sna cuntais sreafaí fisiceacha difriúil leis na méideanna a úsáidtear sa chreat lárnach. Sa chreat lárnach, mar shampla, ní ionann méid ríomhaire agus a mheáchan, ach is éard atá sa mhéid, meascán ualaithe na dtréithe a theastaíonn ón úsáideoir, amhail an luas ríomha.

- 22.68 Is féidir cuntais sreafaí fisiceacha a chur i láthair mar tháblaí soláthair agus úsáide. Taispeántar é sin i dTábla 22.12 agus i dTábla 22.13.
- 22.69 Cuirtear cuntais sreafaí hibrídeacha i láthair i bhfoirm mairíse amháin ina bhfuil cuntais náisiúnta i dtéarmaí airgeadaíochta agus cuntais sreafaí hibrídeacha araon. Cineál tábhachtach cuntas sreafaí hibrídeacha is ea táblaí hibrídeacha soláthair agus úsáide; comhcheanglaíonn siad faisnéis ó tháblaí soláthair agus úsáide i dtéarmaí fisiceacha leis an bhfaisnéis ó tháblaí soláthair agus úsáide i dtéarmaí airgeadaíochta.
- 22.70 Is féidir an fhaisnéis sna cuntais sreafaí hibrídeacha a nascadh le téamaí comhshaoil a thugann faoi shaincheisteanna comhshaoil ar leithligh, amhail an iarmhairt cheaptha teasa, ídiú an chisil ózóin agus aigéadú. Teastaíonn fachtóirí coinbhéartaithe chuige sin chun na figiúirí do shubstaintí sonracha a aistriú go táscairí comhiomlánaithe do théamaí comhshaoil. D'fhéadfadh tábla forbhreathnaithe a bheith mar thoradh air sin, tábla a thaispeánfaidh rannchuidiú an tomhaltais agus táirgeadh tionscal éagsúil leis na téamaí comhshaoil éagsúla agus le OTI mar atá i dTábla 22.14.

Tábla 22.12 — Tábla soláthair agus úsáide i dtéarmaí fisiceacha

Tábla soláthair i dtéarmaí fisiceacha

		(Milliún tonna)													
		Tionscail				Tomhaltas			Caipiteal	An chuid eile den domhan				An comhshaol náisiúnta	Soláthar iomlán ábhar
		Talmhaíocht, iascaireacht agus mianadóireacht	Monaróocht, leictreachas agus foirgníocht	Seirbhísí	Iomlán na dtionscail	Iompar féinchuntais	Tomhaltas eile	Tomhaltas iomlán	Foirmiú caipitil, athruithe ar fhardail, stóráil dramhaíola	Almhairí táirgí	Acmhainní nádúrtha agus ionchuir san éiceachóras arna soláthar ag neamhchónaitheigh sa chrioch náisiúnta	Iarmharaigh ag neamhchónaitheigh sa chuid eile den domhan	Insreabhadh trasteorann ón gcuid eile den domhan ag na meáin chomhshaol	E	
		I1	I2	I3	I	C1	C2	C	CF	M2	M1	M1	M3	E	
Táirgí	P1	Táirgí ainmhithe agus glasraí	66,000	49,000	1,000	116,000					16,000				132,000
	P2	Cloch, gairbhéal agus ábhar tógála	112,000	163,000		275,000					13,000				288,000
	P3	Fuinneamh	65,000	59,000		124,000					95,000				219,000
	P4	Miotail, innealra etc.		10,000		10,000					10,000				20,000
	P5	Plaisteach agus táirgí plaisteacha		2,000		2,000					2,000				4,000
	P6	Adhmad, páipéar etc.	7,000	7,000		14,000					1,000				15,000
	P7	Tráchtearraí eile		9,000	1,000	10,000					13,000				23,000
		Táirgí iomlána	250,000	299,000	2,000	551,000					150,000				701,000

			Tionscail				Tomhaltas			Caipiteal	An chuid eile den domhan				An comhshaol náisiúnta	Soláthar iomlán ábhar
			Talmhaíocht, iascaireacht agus mianadóireacht Monaraíocht, leictreachas agus foirgníocht Seirbhísí Iomlán na dtionscail				Iompar féinchumtais Tomhaltas eile Tomhaltas iomlán			Foirmiú caipitil, athruithe ar fhardail, stóráil dramhaíola	Allmhairí táirgí Acmhainní nádúrtha agus ionchuir san éiceachóras arna soláthar ag neamhchónaitheigh sa chríoch náisiúnta Iarmharaigh ag neamhchónaitheigh sa chuid eile den domhan Insreabhadh trasteorann ón gcuid eile den domhan ag na meáin chomhshaoil				E	
Iarmharaigh	Go dtí an chríoch náisiúnta															
	R1	CO ₂	19,020	111,398	29,930	160,348	16,908	25,080	41,988	0,990			4,172		207,498	
	R2	N ₂ O	0,007	0,042	0,012	0,061	0,003	0,004	0,007				0,001		0,069	
	R3	CH ₄	0,073	0,452	0,125	0,650	0,004	0,020	0,024	0,477			0,001		1,152	
	R4	NO _x	0,061	0,275	0,151	0,487	0,084	0,026	0,110				0,025	0,117	0,739	
	R5	SO ₂	0,023	0,139	0,030	0,192	0,003	0,001	0,004				0,001	0,087	0,284	
	R6	NH ₃	0,020	0,123	0,038	0,181		0,007	0,007					0,019	0,207	
	R7	Eile san aer	0,010	0,061	0,015	0,086		0,012	0,012					0,002	0,100	
	R8	P	0,070	0,020	0,004	0,094		0,011	0,011	0,003			0,001	0,014	0,123	
	R9	N	0,590	0,210	0,098	0,898		0,117	0,117	0,024			0,006	0,323	1,368	
	R10	Eile san uisce	0,030	0,021	0,006	0,057		0,021	0,021	0,001			0,001	0,003	0,083	
	R11	Dramhaíl mhianadóireachta	7,233	2,320		9,553									9,553	
	R12	Dramhaíl sholadach eile	8,103	71,619	22,929	102,651	0,100	5,060	5,160	71,100			1,548	7,656	188,115	

		Tionscail				Tomhaltas			Caipiteal	An chuid eile den domhan				An comhshaol náisiúnta	Soláthar iomlán ábhar
		Talmhaíocht, iascaireacht agus mianadóireacht Monaraíocht, leictreachas agus foirgníocht Seirbhísí Iomlán na dtionscail				Iompar féinchumtais Tomhaltas eile Tomhaltas iomlán			Foirmiú caipitil, athruithe ar fhardaíl, stóráil dramhaíola	Allmhairí táirgí Acmhainní nádúrtha agus ionchuir san éiceachóras arna soláthar ag neamhchónaithe sa chríoch náisiúnta Iarmharaigh ag neamhchónaithe sa chuid eile den domhan Insreabhadh trasteorann ón gcuid eile den domhan ag na meáin chomhshaoil				E	
	Iomlán go dtí an chríoch náisiúnta	35,240	186,680	53,338	275,258	17,102	30,359	47,461	72,595			5,756	8,221		409,291
	Go dtí críoch na coda eile den domhan														
	San aer														
R1	CO ₂			4,569	4,569	0,739		0,739							5,308
R4	NO _x			0,010	0,010	0,004		0,004							0,014
R5	SO ₂			0,008	0,008	0,002		0,002							0,010
	Iomlán go críoch na coda eile den domhan			4,587	4,587	0,745		0,745							5,332
	Iarmharaigh iomlána	35,240	186,680	57,925	279,845	17,847	30,359	48,206	72,595			5,756	8,221		414,623
Soláthar iomlán ábhar		285,240	485,680	59,925	830,845	17,847	30,359	48,206	72,595	150,000		5,756	8,221		1 115,623
Glanchnardh gach ábhar (úsáid lúide soláthar)						Glanmhéadú de réir tomhaltas (earraí marthanacha tomhaltas)	Glanmhéadú caipitil	Glanonnmhairiú táirgí	Glan-eastóscadh ag neamhchónaithe	Glaniamharaigh de réir neamhchónaithe sa chuid eile den domhan	Glan-eisreabhadh trasteorann iarmharach ag meáin chomhshaoil	Glanchnardh iarmharach sa chomhshaol náisiúnta			Glan-chomhardú
						1,153	15,641	16,794	72,215	- 49,000	3,000	- 0,424	- 4,302	372,717	411,000

Foinse: Sraith sonraí SEEAland.

Tábla 22.13. — Tábla soláthair agus úsáide i dtéarmaí fisiceacha (ar lean)

Tábla úsáide i dtéarmaí fisiceacha

		(Milliún tonai)														
		Tionscail				Tomhaltas			Caipiteal	An chuid eile den domhan				An comhshaol náisiúnta	Úsáid iomlán ábhar	
		Talmhaíocht, iascaireacht agus mianadóireacht	Monaraíocht, leictreachas agus foirgníocht	Seirbhísí	Iomlán na dtionscail	Iompar féinchuntais	Tomhaltas eile	Tomhaltas iomlán	Foirmiú caipitil, athruithe ar fhardail, stóráil dramhaíola	Ommhairí	Acmhainní nádúrtha agus ionchuir san éiceachóras arna soláthar ag neamhchónaithe sa chríoch náisiúnta	Iarmharaigh ag neamhchónaithe sa chuid eile den domhan	Eis-sreabhadh trasteorann go dtí an chuid eile den domhan ag meáin chomhshaoil			
		I1	I2	I3	I	C1	C2	C	CF	X2	X1	X1	X3	E		
Táirgí	P1	Táirgí ainmhithe agus glasraí	23,000	60,000	4,000	87,000		16,000	16,000	3,000	26,000					132,000
	P2	Cloch, gairbhéal agus ábhar tógála	12,000	148,000	2,000	162,000		2,000	2,000	114,000	10,000					288,000
	P3	Fuinneamh	34,000	101,000	20,000	155,000	7,000	10,000	17,000		47,000					219,000
	P4	Miotail, innealra etc.		11,000		11,000	1,000		1,000	1,000	7,000					20,000
	P5	Plaisteach agus táirgí plaisteacha		2,000		2,000					2,000					4,000
	P6	Adhmad, páipéar etc.		7,000	4,000	11,000		1,000	1,000		3,000					15,000
	P7	Tráchtearraí eile	5,000	8,000	1,000	14,000		2,000	2,000	1,000	6,000					23,000
		Táirgí iomlána	74,000	337,000	31,000	442,000	8,000	31,000	39,000	119,000	101,000					701,000

		Tionscail			Tomhaltas			Caipiteal	An chuid eile den domhan				An comhshaol náisiúnta	Úsáid iomlán ábhar		
		Talmhaíocht, iascaireacht agus mianadóireacht	Monaraíocht, leictreachas agus foirgníocht	Seirbhísí	Iomlán na dtionscail			Iompar féinchuntais	Tomhaltas eile	Tomhaltas iomlán	Foirmíú caipitil, athruithe ar fhardáil, stóráil dramhaíola	Onnmhairí	Acmhainní nádúrtha agus ionchuir san éiceachóras arna soláthar ag neamhchónaithe sa chríoch náisiúnta		Iarmharaigh ag neamhchónaithe sa chuid eile den domhan	Eis-sreabhadh trasteorann go dtí an chuid eile den domhan ag meáin chomhshaoil
		I1	I2	I3	I	C1	C2	C	CF	X2	X1	X1	X3		E	
Acmhainní nádúrtha	Acmhainní nádúrtha náisiúnta															
	N1	Ola	38,000		38,000										38,000	
	N2	Gás	27,000		27,000										27,000	
	N3	Eile	118,000	55,000	173,000										173,000	
	N4	Adhmad	7,000	1,000	8,000		1,000	1,000							9,000	
	N5	Iasc	1,000		1,000						1,000				2,000	
	N6	Eile		2,000	2,000										2,000	
	N7	Uisce	1,000	6,000	7,000										7,000	
		Iomlán na n-acmhainní nádúrtha náisiúnta	192,000	64,000	256,000		1,000	1,000			1,000				258,000	
		Acmhainní nádúrtha na coda eile den domhan														
	N5	Iasc	4,000		4,000										4,000	
	N7	Uisce		1,000	1,000		1,000	1,000							2,000	
		Iomlán acmhainní nádúrtha na coda eile den domhan	4,000	1,000	5,000		1,000	1,000							6,000	
	Iomlán na n-acmhainní nádúrtha	196,000	65,000	261,000		2,000	2,000			1,000				264,000		

		Tionscail				Tomhaltas			Caipiteal	An chuid eile den domhan				An comhshaol náisiúnta	Úsáid iomlán ábhar
		Talmhaíocht, iascaireacht agus mianadóireacht	Monaraíocht, leictreachas agus foirgníocht	Seirbhísí	Iomlán na dtionscal	Iompar féinchuntais	Tomhaltas eile	Tomhaltas iomlán	Foirmiú caipitil, athruithe ar fhardáil, stóráil dramhatola	Onmhairí	Acmhainní nádúrtha agus ionchuir san éiceachóras arna soláthar ag neamhchónaithigh sa chríoch náisiúnta	Iarmharaigh ag neamhchónaithigh sa chuid eile den domhan	Eis-sreabhadh trasteorann go dtí an chuid eile den domhan ag meáin chomhshaoil	E	
Ionchuir san éiceachóras	Ionchuir san éiceachóras náisiúnta	15,000	81,000	22,000	118,000	10,000	13,000	23,000			2,000				143,000
	Ionchuir in éiceachóras na coda eile den domhan			3,000	3,000	1,000		1,000							4,000
	Iomlán na n-ionchuir san éiceachóras	15,000	81,000	25,000	121,000	11,000	13,000	24,000			2,000				147,000
Iarmharaigh	Ón gcríoch náisiúnta														
	R1	CO ₂												207,498	207,498
	R2	N ₂ O												0,069	0,069
	R3	CH ₄												1,152	1,152
	R4	NO _x											0,669	0,070	0,739
	R5	SO ₂											0,196	0,088	0,284
	R6	NH ₃											0,099	0,108	0,207
	R7	Eile ón aer											0,002	0,098	0,100
	R8	P			0,020	0,020							0,010	0,093	0,123
	R9	N			0,115	0,115							0,543	0,710	1,368
	R10	Eile ón uisce			0,010	0,010							0,002	0,071	0,083
	R11	Dramhaíl mhianadóireachta												9,553	9,553
R12	Dramhaíl sholadach eile	0,240	2,680	3,780	6,700				25,810				2,398	153,207	188,115

	Tionscail				Tomhaltas			Caipiteal	An chuid eile den domhan				An comhshaol náisiúnta	Úsáid iomlán ábhar
	Talmhaíocht, iascaireacht agus mianadóireacht	Monaraíocht, leictreachas agus foirgníocht	Seirbhísí	Iomlán na dtionscal	Iompar féinchuntais	Tomhaltas eile	Tomhaltas iomlán	Foirmíú caipitil, athruithe ar fhardáil, stóráil dramhaíola	Onnmhairí	Acmhainní nádúrtha agus ionchuir san éiceachóras arna soláthar ag neamhchónaithe sa chríoch náisiúnta	Iarmharaigh ag neamhchónaithe sa chuid eile den domhan	Eis-sreabhadh trasteorann go dtí an chuid eile den domhan ag meáin chomhshaoil		
	I1	I2	I3	I	C1	C2	C	CF	X2	X1	X1	X3	E	
Iomlán ón gcríoch náisiúnta	0,240	2,680	3,925	6,845				25,810				3,919	372,717	409,291
Ó chríoch na coda eile den domhan														
R1 CO ₂											5,308			5,308
R4 NO _x											0,014			0,014
R5 SO ₂											0,010			0,010
Iomlán ó chríoch na coda eile den domhan											5,332			5,332
Iomlán	0,240	2,680	3,925	6,845				25,810			5,332	3,919	372,717	414,623
Úsáid iomlán ábhar	285,240	485,680	59,925	830,845	19,000	46,000	65,000	144,810	101,000	3,000	5,332	3,919	372,717	1 526,623

Tábla 22.14 — Glan-ranníocaíocht tomhaltas agus táirgthe le OTI agus le sé théama comhshaoil san Ísiltír, 1993

Céatadán

	Geilleagar	An Comhshaoil				
		Iarmhairt cheaptha teasa	Ídiú an chisil ózóin	Aigéadú	Eotrófú	Dramhaíl sholadach
Iomlán		100	100	100	100	100
Tomhaltas		19	2	15	9	31
Tionscal		79	97	85	91	66
Caipiteal agus foinsí eile		2	1	—	—	3
Tomhaltas	100	100	100	100	100	100
Iompar féinchuntais	8	38	—	88	21	1
Tomhaltas eile	92	62	100	12	79	99
Táirgeadh	100	100	100	100	100	100
Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht, iascaireacht	3	15	2	47	91	7
Mianadóireacht agus cairéalú	3	2	—	1	—	1
Monaraíocht						
Tionscal an pheitriiliam	1	7	—	11	—	
Tionscal na gceimiceán	2	14	27	6	2	16
Tionscal táirgí miotail agus innealra	3	2	9	1	—	2
Monaraíocht eile	12	12	20	7	6	25
Fóntais phoiblí	2	26	—	9	1	2
Iompar agus stóráil	6	8	6	12	1	5
Seirbhísí eile	68	14	36	6	- 1	42

Foinsín: de Haan (1997).

Nóta: Tugann dais (—) le fios go bhfuil an tsuim cothrom le neamhní.

- 22.71 Is cuntais chosanta comhshaoil mar aon le cuntais idirbheart eile a bhaineann leis an gcomhshaoil atá sna cuntais eacnamaíocha maidir le hidirbhearta comhshaoil amhail cánacha, fóirdheontais, deontais infheistíochta, ioncam ó mhaoin agus éadálacha ceart astuithe agus ceart maoin.
- 22.72 Chun cur síos a dhéanamh ar chosaint an chomhshaoil, is tairbheach é cur chuige de réir feidhme á úsáid in éineacht le hanailís ar phríomhghníomhaíocht agus ar tháirgeadh. Cumhdaíonn cosaint an chomhshaoil réimse leathan táirgí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Ina measc siúd tá infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glana, comhshaoil truailithe a chur ina cheart arís, athchúrsáil, earraí agus seirbhísí comhshaoil a tháirgeadh, sócmhainní agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus a bhainistiú. Is féidir comhiomlán náisiúnta an chaiteachais ar chosaint an chomhshaoil a shainiú agus na gníomhaíochtaí coimhdeacha agus táirgí bainteacha a chur san áireamh.
- 22.73 Déantar trí chineál sócmhainní comhshaoil a shonrú sna cuntais sócmhainní comhshaoil: acmhainní nádúrtha, talamh agus uisce dromchla agus éiceachórais. Níl roinnt de na sócmhainní comhshaoil sin taifeadta sa chreat lárnach. Bíonn feidhm aige sin i gcás sócmhainní comhshaoil nach féidir ceart úinéireachta a chruthú ina leith. Áirítear leo sin gnéithe an chomhshaoil amhail aer, dobharlaigh mhóra agus éiceachórais atá chomh hollmhór sin nó chomh dosmachtaithe sin nach féidir cearta éifeachtacha úinéireachta a fhorfheidhmiú ina leith. Ar an gcaoi chéanna, ní áirítear mar acmhainní sa chreat lárnach acmhainní nár cruthaíodh fós go bhfuil siad ann trí thaiscéaladh agus trí fhorbairt a dhéanamh amhail fosuithe tuairimeacha ola, nó acmhainní nach bhfuil inrochtana faoi láthair amhail foraoiseacha iargúlta. Is ionann an scéal i gcás acmhainní a cruthaíodh go bhfuil siad ann ó thaobh na geolaíochta de, nó atá inrochtana ach nach mbeadh tairbhe eacnamaíoch ag baint leo faoi láthair toisc nach féidir iad a shaothrú go grabúsach fós.

- 22.74 Is cur síos i dtéarmaí fisiceacha agus airgeadaíochta ar na sócmhainní éagsúla comhshaoil agus ar na hathruithe atá ag teacht orthu atá sna cuntais sócmhainní comhshaoil. Biodh is gur féidir a leithéid de chuntas a tharraingt suas i dtéarmaí airgeadaíochta i gcás cuid de na sócmhainní sin, ní féidir ach cuntais fhisiceacha a tharraingt suas i gcás roinnt sócmhainní eile. Ní dócha go bhfuil go leor faisnéise ar fáil faoi shócmhainní éiceachóras chun liostaí stoc ná athruithe a tharraingt suas do bhliain ar bith, mar a dhéantar i gcás na sócmhainní comhshaoil eile. Tá sé níos tairbhí i gcás na sócmhainní sin díriú ar na hathruithe atá ag teacht ar a gcáilíocht a thomhas. Bainneann an chuid is mó de na hathruithe sin le díghrádú, e.g. aigéadú talún agus uisce agus lomadh crann.
- 22.75 D'fhéadfaí na comhiomláin sa chreat lárnach a mhodhnú chun cuntas níos fearr a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil. Is iondúil go moltar trí chineál coigeartuithe: coigeartú i leith ídiú, coigeartú eile i leith chaiteachas an rialtais ar chosaint an chomhshaoil agus coigeartú i leith díghrádú.
- 22.76 Ní chuirtear ídiú sócmhainní éagsúla comhshaoil, amhail ola agus foraoiseacha agus iasc neamhshaothraithe, san áireamh nuair atá OTI agus a ráta fáis á meas agus mar sin, ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart coigeartú a dhéanamh d'fhonn ídiú a chur san áireamh. Ní léir go baileach conas is fearr ídiú a chur san áireamh, agus tá go leor roghanna éagsúla ann. Rogha amháin thar na bearta is ea glacadh leis gur ídiú é gach úsáid a bhaintear as sócmhainní nádúrtha neamhtháirgthe den sórt sin agus, ar an ábhar sin, ní ioncam ó tháirgeadh é. Rogha eile thar na bearta is ea glacadh leis an ioncam ó dhíol sócmhainní den sórt sin mar ioncam a chuireann leis an ioncam intíre. Sna roghanna eile go léir déantar úsáid na sócmhainní a dheighilt idir ídiú agus ioncam. Nuair a úsáidtear prionsabail agus toimhdí éagsúla le haghaidh fad saolré agus rátaí lascaine, bíonn figiúirí difriúla ann don choigeartú i leith ídiú.
- 22.77 Ní caiteachas chun an comhshaoil a chosaint amháin atá i gcaiteachas ar chosaint an chomhshaoil. D'fhéadfaí é a fhágáil faoin lucht riaracháin cuótaí iascaireachta a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu nó caiteachas sláinte a bhaineann le truailliú an aeir nó tubaiste núicléach a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh air. Moltar coigeartú a dhéanamh i leith chaiteachas an rialtais ar chosaint an chomhshaoil d'fhonn nach méadóidh siad na bearta sin an OTI: tá sé d'aidhm acu maolú nó cealú a dhéanamh ar an dochar a dhéanann táirgeadh nó tomhaltas don chomhshaoil agus ní thairgeadh iad mar chuid den OTI. Is féidir an fhadhb a réiteach ó thaobh glantáirgeachta intíre de, tríd an gcaiteachas ar fad a dhéanamh an rialtas ar chosaint an chomhshaoil a thairgeadh go comhuaineach mar fhoirmiú caipitil agus mar thomhaltas caipitil. I dtéarmaí OTI, tomhas a bhaintear úsáid níos minice as, ní dhéanfaidh sé sin aon difear.
- 22.78 Féadfar táirgeacht intíre, coigilt agus príomh-chomhiomláin eile a choigeartú chun díghrádú, amhail tionchar truaillithe ar an aer agus ar uisce, a chur san áireamh. Mar sin féin, tá sé níos deacra, níos neamhchinnte agus níos conspóidí éifeachtaí an díghrádaithe a chur san áireamh ná mar atá sé coigeartuithe a dhéanamh ar na cuntais chun ídiú nó caiteachas ar chosaint an chomhshaoil a chur san áireamh. Conas is féidir, mar shampla, cuntas a thabhairt ar an dochar a dhéanann truailliú comhshaoil do shláinte daoine, nó ar an moill a chuireann sé ar fhás plandaí agus ainmhithe, nó ar an srian a chuireann sé lena bpóru nó lena síolrú agus ar an gcaoi a fhaigheann plandaí agus ainmhithe bás níos luaithe dá bharr sin? An ceart a thairgeadh gur tharla tubaistí áirithe de bharr gníomhaíochta eacnamaíche daoine agus an ceart iad a asbhaint ón OTI dá bhrí sin?

Cuntais sláinte

- 22.79 Creat idirnáisiúnta le haghaidh sonraí sláinte is ea na cuntais sláinte (féach an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, 2000, *A System of Health Accounts*) a bhfuil sé d'aidhm acu freastal ar riachtanais náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta ó thaobh anailíse agus beartas de. Leagadh amach an creat i gcomhair tíortha a bhfuil a gcórais sláinte náisiúnta eagraithe ar a lán bealaí éagsúla acu. Uirlis an-tábhachtach is ea an creat chun monatóireacht a dhéanamh ar chórais sláinte atá ag athrú go tapa agus atá ag éirí níos casta. Déanann sé athruithe struchtúracha, amhail athruithe ó chúram othar cónaithe go chúram othar seachtrach agus teacht chun cinn soláthraithe ilfheidhme, a thomhas agus a léiriú.
- 22.80 Tugann na cuntais sláinte freagra ar thrí cheist bhunúsacha:
- (a) cad iad na cineálacha seirbhísí agus earraí a cheannaítear ar mhaithe le sláinte?
- (b) cé a sholáthraíonn na seirbhísí agus na hearraí sin?
- (c) cad iad na foinsí cistiúcháin?
- 22.81 Déantar na hearraí agus na seirbhísí cúraim sláinte a dheighilt de réir feidhme. Tá trí chatagóir ann: earraí agus seirbhísí cúraim sláinte phearsanta; seirbhísí cúraim sláinte chomhchoitinn; agus feidhmeanna a bhaineann le sláinte.
- 22.82 Is iad na cineálacha seirbhísí agus earraí cúraim sláinte phearsanta is mó a dhéantar a idirdhealú: seirbhísí cúraim ícigh; seirbhísí cúraim athshlánúcháin; seirbhísí cúraim altranaís fhadtéarmaigh; seirbhísí coimhdeacha i leith cúraim sláinte; agus earraí míochaine a thugtar d'othair sheachtracha. Tá sé an-úsáideach foroinnt a dhéanamh ar na seirbhísí phearsanta sin de réir modha táirgthe: cúram othar cónaithe, cúram lae, cúram othar seachtrach agus cúram baile. Lena chois sin, tá gnéithe tábhachtacha eile ann maidir le cúram sláinte phearsanta a aicmiú, amhail aois, inscne agus leibhéal ioncaim i dtaobh na mórchatagóirí cúraim sláinte nó de réir grúpaí mórghalair, rud atá an-úsáideach le haghaidh staidéar ar chostais bhreiteachta.

	% OTI			% athrú ar luach			% at hrú ar an méid			% at hrú ar phraghas		
	bliain t	bliain t+1	bliain t+2	bliain t	bliain t+1	bliain t+2	bliain t	bliain t+1	bliain t+2	bliain t	bliain t+1	bliain t+2
Iomlán												
fás ar an daonra												
caiteachas in aghaidh an duine												
Foinsí airgeadais												
Rialtas agus slándáil shóisialta												
Árachas sláinte príobháideach												
Eile												
Iomlán												
OTI	100	100	100									
fás ar an daonra												
OTI in aghaidh an duine	% den iomlán náisiúnta						% athrú ar an méid			% at hrú ar an ráta		
Fostaíocht i dtionscail cúraim sláinte												

Cuntais táirgeachta teaghlach

22.89 Sa chreat lárnach déantar gníomhaíochtaí teaghlach amhail seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe, táirgeadh talmhaíochta chun críche tomhaltais dhílis, agus tógáil teaghaisí ar bhonn féinchuntais a thairgeadh mar tháirgeadh. Tá dhá phríomhchineál gníomhaíochta teaghlach nach dtaifeadtar mar tháirgeadh, áfach: seirbhísí a sholáthraíonn baill den teaghlach gan íocaíocht agus a tomhlaítear laistigh den teaghlach céanna, agus seirbhísí deonacha. Fiú amháin i gcomhthéacs cuntais satailíte, bíonn fadhbanna deacra coincheapúla agus tomhais ann maidir le seirbhísí deonacha neamhíochta a sholáthraíonn teaghlaigh. Tá taighde á dhéanamh ar an réimse sin faoi láthair. Is é an cuspóir atá le cuntas satailíte táirgeachta teaghlach ⁽¹⁾, léargas iomlán a thabhairt ar tháirgeadh teaghlach; ioncam, tomhaltas agus coigilt cineálacha éagsúla teaghlach a thaispeáint; agus na hidirghníomhaíochtaí leis an gcuid eile den gheilleagar a thaispeáint.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna a dtugtar aghaidh orthu:

- cad iad na seirbhísí a chuirtear ar fáil?
- cé a chuireann na seirbhísí ar fáil?
- cén luach atá ar na seirbhísí?
- cad é an t-ionchur caipitil agus cad a tharlaíonn do tháirgiúlacht?
- cad iad na himpleachtaí maidir le méid agus dáileadh ioncain, tomhaltais agus coigiltis ar fud na gcineálacha éagsúla teaghlach agus le linn na saolré?
- an bhfuil athruithe le sonrú idir seirbhísí íochta agus neamhíochta teaghlach de bharr forbairtí struchtúracha eacnamaíochta agus sóisialta, éifeachtaí timthriallta gnó nó beartas rialtais amhail saincheisteanna cánach nó fóirdheontais i gcomhair cúraim leanaí íochta?

⁽¹⁾ Féach e.g. Eurostat, *Táirgeadh agus Tomhaltas — Togra le haghaidh modheolaíocht Cuntas Satailíte Teaghlach*, 2003; J. Varjonen agus K. Aalto, *Táirgeadh agus Tomhaltas san Fhionlainn — Cuntas Satailíte Teaghlach*, Staidreamh Fhionlainne agus an Lárionad Náisiúnta Taighde Tomhaltóirí, 2006; S. Holloway, S. Short, S. Tamplin, *Cuntas Satailíte Teaghlach*, ONS Londain, 2002; J.S. Landefeld agus S.H. McCulla, *cuntasaíocht le haghaidh táirgeadh neamh-mhargaidh teaghlach laistigh de chreat náisiúnta cuntas*, Review of Income and Wealth, 2000.

- 22.90 D'fhéadfadh cuntais táirgeachta teaghlach a bheith ina n-ábhar spéise ó thaobh anailíse ar fhorbairtí fadtéarmacha eacnamaíochta agus ó thaobh comparáid a dhéanamh idir na leibhéil idirnáisiúnta táirgthe, ioncaim agus tomhaltais. Is iad suirbhéanna ar bhuiséad teaghlach agus ar úsáid ama na príomhfhoinsí sonraí a úsáidtear chun cuntais táirgeachta teaghlach a thiomsú, agus cuireann earráidí samplála na comhiomláin bhliantúla ó na foinsí sin as riocht, rud a chuireann bac ar rátaí fáis bliantúla a ríomh go cruinn. Ar an ábhar sin, tiomsaítear cuntais táirgeachta teaghlach ar bhonn rialta seachas ar bhonn bliantúil, gach cúig bliana mar shampla, agus bíonn siad nasctha le suirbhé cuimsitheach ar úsáid ama.
- 22.91 Ní áirítear le táirgeadh teaghlach ach na seirbhísí sin amháin is féidir a tharmligean chuig duine eile seachas an té atá ag baint tairbhne astu, agus tugtar prionsabal an tríú páirtí air sin. Dá bhrí sin, ní chuirtear cúram pearsanta, staidéar, codladh agus gníomhaíochtaí áineasa san áireamh.
- 22.92 Is féidir príomhfheidhmeanna éagsúla a shonrú maidir le táirgeadh teaghlach: tithíocht, cothú, éadaí, cúram leanaí, cúram daoine fásta agus cúram peataí, agus obair dheonach a dhéantar a thomhailt, de réir sainmhínte, i dteaghlach eile. Is féidir príomhghníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí saintréitheacha a shainiú le haghaidh gach ceann de na príomhfheidhmeanna sin. Ar an gcaoi sin, is féidir an caiteachas nó an t-am a chaitear ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a leithdháileadh de réir príomhfheidhme. Tá gníomhaíochtaí ann, áfach, amhail siopadóireacht, taisteal agus bainistíocht teaghlaigh, a bhfuil baint acu le feidhmeanna éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart an caiteachas nó an t-am a chaitear leis na gníomhaíochtaí sin a dheighilt idir na feidhmeanna sin.
- 22.93 Glactar leis sa chreat lárnach go bhfuil caiteachas ar earraí marthanacha tomhaltais mar chuid den chaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach. Mar sin féin, ba cheart caiteachas amhail caiteachas ar fheithiclí, ar chuisneoirí agus ar threalamh tógála agus deisiúcháin a thaifeadadh sna cuntais táirgeachta teaghlach mar fhoirmiú caipitil. Is ionchur i dtáirgeadh teaghlach iad seirbhísí caipitil sócmhainní den sórt sin.
- 22.94 Is féidir modh ionchuir nó modh aschuir a úsáid chun aschur agus breisluach táirgthe teaghlach a luacháil. Is é an modh aschuir táirgeadh teaghlach a luacháil ag praghsanna an mhargaidh, i.e. an praghas atá le sonrú i gcás seirbhísí dá samhail atá á ndíol ar an margadh. I gcás an mhodha ionchuir, a dhéanann aschur a luacháil mar shuim na gcostas, tá an rogha a dhéantar maidir le modh chun ionchuir saothair a luacháil rithábhachtach. I measc na bhféidearthachtaí tá pá a luacháil agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta a áireamh nó gan na ranníocaíochtaí sin a áireamh, agus grúpaí tagartha éagsúla a roghnú — meánphá na n-oibrithe ar fad, pá oibrithe speisialtóireachta nó pá coimeádaí tí.
- 22.95 Saincheist mhór a bhaineann le cuntais táirgeachta teaghlach is ea méid agus comhdhéanamh an táirgthe teaghlaigh agus na naisc atá idir é agus an creat lárnach. Taispeántar an méid sin i bhfoirm tábla úsáide mar atá i dTábla 22.16.

Tábla 22.16 — Tábla úsáide do táirgeadh teaghlach

	Costais táirgthe								Táirgeoirí eile	Iomlán	Onnmh-airí	Tomhaltas críochnaitheach		Iomlán	Ollfhoirmiú caipitil	Úsáid iomlán ag praghsanna na gceannaitheoirí
	Táirgeadh de réir feidhme											Teaghlaigh Comhchoiteann	Rialtas Aonar			
	Tithíocht	Cothú	Éadaí	Cúram leanaí	Cúram daoine fásta	Cúram eile	Obair dheonach	Iomlán								
Táirgí																
CCN																
Difríochtaí coincheapúla																
Iomlán																
Cúiteamh d'fhostaithe																
CCN																
Difríochtaí coincheapúla																
Glanchánacha eile ar tháirgeadh																
Ídiú caipitil sheasta																
CCN																
Difríochtaí coincheapúla																
Glantharrachas oibriúcháin																
Iomlán																
CCN																
Difríochtaí coincheapúla																
Faisnéis fhorlíontach																
Ionchuir saothair																
CCN																
Difríochtaí coincheapúla																
Ollfhoirmiú caipitil (sheasta)																
CCN																
Difríochtaí coincheapúla																
Glanstoc caipitil (sheasta)																
CCN																
Difríochtaí coincheapúla																

Cuntais saothair agus an Mhairís Chuntasaíochta Shóisialta (MCS)

22.96 Tá réimse leathan sonraí faoin margadh saothair á bhailiú i gcuid mhaith tíortha. Déanann daonáirimh agus suirbhéanna ar bhunaíochtaí, suirbhéanna teaghlach agus suirbhéanna gnóthas ar an bhfórsa saothair, ar uaireanta oibre, ar thuilleamh agus ar chostais saothair, mar aon le cláir daonra, cánacha agus árachas sóisialta sonraí a sholáthar chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar bhonn rialta ar fhorbairtí sa mhargadh saothair. In ainneoin go bhfuil réimse mór faisnéise staidrimh den sórt sin ar fáil, ní thugann sé léargas iomlán iontaoifa ar an margadh saothair. Is iad seo a leanas na mórfhadhbanna ó thaobh tomhais de:

- (a) cuireann na foinsí éagsúla sonraí torthaí contrártha ar fáil;
- (b) bíonn neart coincheap éagsúil ann ach gan aon nasc soiléir eatarthu;
- (c) ní chlédaíonn siad gach rud;
- (d) bíonn srianta ann i dtaobh cur síos a dhéanamh ar dhinimicí an mhargaidh saothair;
- (e) ní bhíonn nasc ann idir staidreamh an mhargaidh saothair agus cuntais náisiúnta, sonraí deimeagrafacha agus staidreamh sóisialta agus eacnamaíoch eile amhail staidreamh ar oideachas agus ar shlándáil shóisialta.

Is féidir córas cuntas saothair a úsáid chun fadhbanna den sórt sin a réiteach tríd an bhfaisnéis go léir faoin margadh saothair a chur le chéile agus na naisc le príomhchoincheapa agus príomhaicmithe an mhargaidh saothair a thaispeáint san cuntais náisiúnta amhail coincheapa an chúitimh d'fhostaithe agus an aicmithe de réir tionscail. Feabhsaíonn nasc láidir leis na cuntais náisiúnta tiomsú na gcuntas náisiúnta agus na gcuntas saothair, agus is cúnamh é chun cur síos a dhéanamh ar an ngaol idir an margadh saothair agus an chuid eile den gheilleagar.

22.97 Taispeántar córas simplí de chuntais saothair i dTábla 22.17. Baintear leas as comhionannas cuntasíochta idir cúiteamh d'fhostaithe, uaireanta an chloig oibríthe, líon na bpost, daoine atá fostaithe agus an fórsa oibre gníomhach agus an fórsa oibre féideartha. Is córas simplí é sa mhéid is go dtaispeánann sé miondealú teoranta de réir saintréithe socheacnamaíocha amhail inscne, agus ní de réir aoise ná leibhéal oideachais, agus taispeánann sé miondealú simplí de réir trí thionscal, gan oibríthe trasteorann a áireamh.

22.98 Léiríú mairíse is ea an hairís chuntasaíochta shóisialta (MCS) a thaispeánann na naisc idir na táblaí soláthair agus úsáide agus na cuntais na n-earnálacha institiúideacha. Cuireann MCS faisnéis bhreise ar fáil de ghnáth faoi leibhéal agus faoi chomhdhéanamh na fostaíochta trí fhoroinnt a dhéanamh idir cúiteamh d'fhostaithe agus ioncam measctha de réir an chineáil duine atá fostaithe. Baineann an fhoroinnt sin le saothar arna úsáid i dtionscal, faoi mar a thaispeántar é sna táblaí úsáide, agus soláthar saothair de réir foghrúpa shocheacnamaíoch faoi mar a thaispeántar é sa chuntas leithdháilte ioncain phríomha le haghaidh fo-earnálacha earnáil na dteaghlach. Taispeántar soláthar agus úsáid saothair íoctha go córasach ar an mbealach sin. Féadtar breathnú ar MCS mar chóras méadaithe le haghaidh cuntas saothair agus é curtha ar fáil i bhformáid mhairíse. Ar nós na gcuntas saothair agus na gcuntas náisiúnta, léiríonn MCS comhiomláin agus ceadaíonn sí anailís a dhéanamh i dtéarmaí comhiomlán agus i dtéarmaí meán amháin. Dá bhrí sin, i gcás a lán anailísí socheacnamaíocha, baineann na samhla tosaíochta leas as bunachar méadaithe micreashonraí ina bhfuil faisnéis faoi shaintréithe socheacnamaíocha de réir duine agus de réir teaghlaigh.

Tàbla 22.17 CDrasamplínagcuntassaothair

	Uaireanta an chloigoibrithe de réir tion9cail				Uaireanta an chloig oibrithe in adjaidh an phoist	Poist,daoineatá fostaithe agusfosa saothair						
	Talmhaíocht (1)	Monaraíocht (2)	Seirbhísí (3)	Iomlan uaireanta an chloig oibrithe (4) = 1 + 2 + 3		Lionna bpost (6) = 4/5	Lionna bpost eile (7)	Daoineatá fostaithe (8) = 6 - 7	Daoine nach bhfuil fostaithe (9)	Forsa saothair giomhac h (10) = 8 + 9	Forsa saothair nach bhfuil giomhac h (11)	Forsa saothair féideartha (12) = 10 + 11
Fostaithe												
Freann												
Baineann												
Féinfhostaithe												
Freann												
Baineann												
Iomlan												
	Oúiteamh d'fhostaithe/ioncam measctha											
fatale												
Rreann												
Baineann												
Féinfhostaithe												
Rreann												
Baineann												
Ionian												
	Iliadi saothair in apjaidh gach uair an ch oigoibrithe											
Fostaithe												
Rreann												
Baineann												
Féinfhostaithe												
Rreann												
Baineann												
Ionian												

Cuntais táirgiúlachta agus fáis

- 22.99 Baintear an-úsáid as na cuntais náisiúnta chun cur síos, monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar fhás táirgiúlachta (féach ar An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, 2001, OECD *Manual Measuring productivity; Measurement of Aggregate and Industry-level Productivity Growth* chun forléargas cuimsitheach a fháil ar anailís táirgiúlachta). Tá sé riachtanach fás táirgiúlachta a thomhas agus anailís a dhéanamh air chun tuiscint a fháil ar na mórathruithe atá tagtha ar struchtúr na dtionscal éagsúil agus ar an bhfás a tháinig ar chaighdeáin mhaireachtála in a lán tíortha le céad bliain anuas. Déantar fás táirgiúlachta a thomhas agus anailís a dhéanamh air freisin chun beartais a cheapadh a spreagfaidh fás táirgiúlachta agus a chuirfidh le rathúlacht, ach comaoineacha eile a chur san áireamh freisin ó thaobh cúrsaí beartais de amhail saincheisteanna maidir le combhionannas agus leis an gcomhshaol.
- 22.100 I dtéarmaí na gcuntais náisiúnta, is ionann méid an fháis a thagann ar OTI agus fás eacnamaíoch agus is féidir miondealú a dhéanamh air sin ina chomhpháirteanna lena n-áirítear athruithe ar tháirgiúlacht saothair, táirgiúlacht in aghaidh gach aonaid saothair, agus athruithe ar mhéid an tsaothair. Is féidir an miondealú céanna a dhéanamh maidir le méid an fháis ar bhreise luach de réir tionscail. Cur chuige an-simplí is ea é sin agus cuireann sé creat ar fáil chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch de réir tionscail. Beidh figiúirí táirgiúlachta saothair níos mionsonraí mar thoradh ar fhigiúirí níos aonchineálaí a bhfaighfeair ar ionchur saothair trí fhigiúirí a úsáid nach mbaineann leis an líon daoine atá fostaithe amháin, ach le líon na n-uaireanta an chloig oibrithe nó coibhéis lánaimseartha na n-uaireanta an chloig sin, agus trí idirdhealú á dhéanamh idir saothar ar cháilíochtaí éagsúla.
- 22.101 Fágann an cur chuige simplí sin go gcuirtear ionchuir eile as an áireamh, amhail seirbhísí caipitil agus táirgí idirmheánacha. Is féidir leis sin a bheith an-mhíthreorach. Mar shampla, is cosúil go bhféadfaidh méadú substaintiúil teacht ar tháirgiúlacht saothair de thoradh i bhfad níos mó caipitil a bheith ann, ach féadfaidh méadú teacht air freisin de bharr breis-éifeachtúlachta ach an méid céanna caipitil a bheith á úsáid. Is féidir táirgiúlacht ilfhachtóiriúil a thomhas agus is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar fhás na táirgiúlachta trí chuntas a thabhairt ar ionchuir eile. Is ionann táirgiúlacht ilfhachtóiriúil a thomhas agus an t-athrú ar mhéid an aschuir a mhiondealú ina athruithe ar mhéideanna éagsúla ionchuir mar aon le hionchur iarmharach, is é sin fás ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil. Léiríonn fás ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil an méid nach mínítear leis na hionchuir éagsúla, i.e. an ról atá ag ionchuir eile. Mar sin féin, d'fhéadfadh earráidí tomhais a bheith ann maidir le haschuir nó le hionchuir.
- 22.102 Tá bealaí éagsúla ann chun méid an ionchuir chaipitil ón stoc seasta caipitil a mheas. Tá trí rogha rithábachtacha le déanamh:
- foirm na feidhme éifeachtúlachta-aoise nó praghaís-aoise i gcomhair gach cineál sócmhainne; is iad na roghanna coitianta líne dhíreach, foirm gheoiméadrach nó foirm hipearbóileach;
 - na cineálacha ualaí a úsáidtear chun comhiomlánú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla sócmhainní: ualaí costais úsáideoirí nó praghsanna an mhargaidh;
 - foirmle na huimhreach innéacs trína ndéantar an comhiomlánú sin. Is iad na roghanna atá ann, uimhir innéacs ualaithe de réir na buntréimhse amhail Laspeyres, nó uimhir innéacs ualaithe measctha amhail Fisher agus Törnqvist.
- 22.103 Cabhraíonn an tomhas ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil chun na ranníocaíochtaí díreacha a aithint maidir le fás san réimsí seo a leanas: saothar, caipiteal, ionchuir idirmheánacha agus athrú ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil. Úsáidtear é chun athbheithniú a dhéanamh ar phatrúin fáis san am atá thart agus chun measúnú a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch ionchais amach anseo. Ní mór an méid seo a leanas a mheas i gcomhair anailíse agus beartais, áfach, d'fhonn ceart a bhaint as bearta táirgiúlachta ilfhachtóiriúla:
- ní bhíonn fás ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil mar thoradh i gcónaí ar athruithe teicniúla. Féadfar athruithe teicniúla corpraithe a léiriú trí mhéideanna an chaipitil agus na n-ionchur idirmheánach. Léiríonn athrú teicniúil corpraithe dul chun cinn maidir le ceapadh agus le cáilíocht leaganacha nua caipitil agus ionchur idirmheánach agus is féidir a n-éifeachtaí a chur i leith na bhfachtóirí éagsúla ach cúiteamh dá réir a áirithiú do na fachtóirí sin. Mar mhalairt air sin, meastar gur athrú “gan chostas” é athrú teicniúil neamhchorpraithe, mar shampla athrú ar eolas ginearálta, ar threoirphleananna, ar thionchar líonraithe nó ar iarmhairtí de thoradh fachtóirí eile táirgthe lena n-áirítear bainistíocht níos fearr agus athrú ar eagrúchán. Is léir ón sainmhíniú gur athrú iarmharach atá ina leithéid d'athrú teicniúil, i.e. gur fás ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil é;
 - ní gá gurb é athrú teicniúil is cúis le fás ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil: beidh fachtóirí neamhtheicniúla eile i gceist leis an iarmharach. Áirítear leo sin costais coigeartaithe, tionchar ar scálaí, tionchar ar thimthriallta gnó, glanathruithe ó thaobh éifeachtúlachta agus earráidí tomhais de;
 - tomhas statach is ea fás ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil agus ní dhéanann sé tomhas sainráite ar thionchar aiseolais idir athruithe ar tháirgiúlacht agus caipiteal, e.g. féadfaidh coigilteas breise agus infheistíocht bhreise mar aon le hardú sa choibhneas idir caipiteal agus saothar a bheith ann de bharr breis aschuir in aghaidh an duine. Dá thoradh sin, ní leagann sé béim mar is cóir ar an tábhacht iarbhair atá le hathrú ar tháirgiúlacht chun fás ar aschur a spreagadh;

(d) cabhraíonn tomhas ar tháirgiúlacht ilfhachtóiriúil chun tábhacht choibhneasta na bhfoinsí éagsúla d'fhás ar tháirgiúlacht a aithint. Mar sin féin, ní mór staidéir institiúideacha, staidéir stairiúla agus cás-staidéir a chur leis má tá scrúdú le déanamh ar na bunchúiseanna le fás, nuálaíocht agus le hathrú ar tháirgiúlacht.

22.104 Forbraíodh cuntais fáis agus táirgiúlachta KLEMS ar fud an domhain chun tomhas, anailís agus monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fhás agus ar tháirgiúlacht. Ceann de na príomhchuspóirí atá leis is ea leibhéal níos doimhne a bhaint amach ná leibhéal an gheilleagair chomhiomlánaithe, agus scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht táirgiúlachta tionscal ar leithligh agus ar a rannchuidiú le fás eacnamaíoch. D'fhonn an mhór-ilchineálacht i bhfás ar aschur agus ar tháirgiúlacht i dtionscail a léiriú, sonraítear go leor tionscal éagsúil agus, san Aontas, sonraíonn EU-KLEMS seachtó a dó tionscal. Áirítear leis na cuntais sin cainníochtaí agus praghsanna aschuir mar aon le hionchuir caipitil (K), saothair (L), fuinnimh (E), ábhair (M) agus seirbhísí (S) ar leibhéal na dtionscail. Is i dtéarmaí rátaí fáis agus leibhéal coibhneasta a sholáthraítear bearta aschuir agus táirgiúlachta. Tá bearta breise maidir le cruinniú eolais amhail T&F, paitinní, athruithe teicneolaíochta corpraithe, gníomhaíocht nuálaíoch eile agus comhar á bhforbairt. Forbraítear bearta den sórt sin i gcomhair Ballstát éagsúil agus nasctar iad le bunachair shonraí KLEMS sa chuid eile den domhan.

22.105 Tá trí mhodúl neamhspleácha sna cuntais sin: modúl anailíseach agus dhá mhodúl staidrimh.

22.106 Soláthraíonn an modúl anailíseach bunachair sonraí taighde a bheidh in úsáid sa saol acadúil agus ag lucht ceaptha beartas. Baineann sé leas as teicnící dea-chleachtais maidir le cuntasáíocht fáis, díríonn sé ar inchoimparáideacht idirnáisiúnta, agus tá sé mar aidhm aige cumhdach iomlán a bhaint amach ó thaobh líon na dtíortha, na dtionscail agus na n-athróg de. Féadfaidh sé freisin toimhdí malartacha nó ceannródaíochta maidir le coinbhinsiúin staidrimh a ghlacadh, amhail conas earraí TFC, seirbhísí neamh-mhargaidh agus tomhas seirbhísí caipitil a láimhseáil.

22.107 Forbraítear modúil staidrimh an bhunachair shonraí an tráth céanna leis an modúl anailíseach. Áirítear leo sonraí atá comhsheasmhach den chuid is mó leis na sonraí sin a fhoilsíonn institiúidí staidrimh náisiúnta. Tá na modhanna ag teacht leis na modhanna atá i gcreat lárnach na gcuntas náisiúnta, e.g. úsáidtear táblaí soláthair agus úsáide mar chreat comhordaithe i gcomhair anailíse táirgiúlachta agus cuirtear innéacsanna slabhracha i bhfeidhm. Ní amháin go n-áirítear sonraí ó na cuntais náisiúnta sa mhodúl staidrimh, ach áirítear faisnéis fhorlíontach ann freisin, amhail staidreamh fostaíochta maidir le líon (daoine agus uaireanta oibre) agus cáilíocht (leithdháileadh na suimeanna sin de réir aoise, inscne agus leibhéal oideachais) ionchuir shaothair de réir tionscail.

Cuntais taighde & forbartha

22.108 Láimhseáiltear caiteachas T&F mar thomhaltas idirmheánach sa chreat lárnach, i.e. láimhseáiltear é mar chaiteachas reatha a théann chun tairbhe na táirgiúlachta sa tréimhse reatha amháin. Níl sé seo ag teacht le nádúr T&F, a bhfuil sé d'aidhm aige táirgiúlacht a fheabhsú sa todhchaí. D'fhonn na fadhbanna praiticiúla agus coimcheapúla a bhaineann le T&F a thairbhí mar fhoirmiú caipitil, tarraingeoidh Ballstáit suas táblaí satailte T&F a aithneoidh T&F mar fhoirmiú caipitil. Cuirfidh sé sin ar chumas na mBallstát modhanna agus meastacháin láidre inchoimparáideacha a fhorbairt. Ag an dara céim, nuair a bheidh leibhéal ard go leor bainte amach maidir le hiontaofacht agus le hinchomparáideacht, déanfar T&F a chaipitliú i mbunchuntais na mBallstát.

22.109 Féadfar sraith cuntas faoi T&F a tharraingt suas le cois an tábla fhorlíontaigh thurgnamhaigh sin. Is é cuspóir na gcuntas T&F sin ról T&F sa gheilleagar náisiúnta a thaispeáint. I measc na gceisteanna a dtugtar freagraí orthu tá:

(a) cé atá ag soláthar T&F?

(b) cé atá ag maoiniú T&F?

(c) cé atá ag úsáid T&F?

(d) cén luach atá ar shócmhainní T&F i gcomparáid le sócmhainní eile?

(e) cad iad na hiarmhairtí a bheidh ann do tháirgiúlacht agus d'fhás eacnamaíoch?

Tugtar forbheathnú i dtábla soláthair agus úsáide maidir le cé atá ag soláthar T&F agus cé atá á úsáid. Léirítear an méid sin i dTábla 22.18 agus i dTábla 22.19.

Tábla 22.18 Soláthar T&F

	Monarú táirgí ceimiceacha	Monarú cruu-earraí TFC	Tionscal T&F	Oideachas Ollscoile	Riarachán poiblí	Tionscail eile	Iomlán	Allmhairí	Soláthar iomlán ag bunphraghsanna	Corrleigh trádála agus iompair	Cánacha ar tháirgí	Fóirdheontais	Soláthar iomlán ag praghsanna na gceannaitheoirí
T&F margaidh													
T&F féinchuntais													
T&F neamh-mhargaidh													
Táirgí eile													
Iomlán													

Tábla 22.19 Úsáid T&F

	Costais táirgthe de réir tionscail							Onnmhair	Foirmiú caipitil	Úsáid iomlán ag praghsanna na gceannaitheoirí
	Monarú táirgí	Monarú ceimiceacha cruu-earraí TFC	Tionscal T&F	Oideachas Ollscoile	Riarachán poiblí	Tionscail eile	Iomlán			
T&F margaidh										
T&F féinchuntais										
T&F neamh-mhargaidh										
Táirgí eile										
Iomlán										
Cúiteamh d'fhostaithe										
Glanhánacha eile ar tháirgeadh										
Ídiú caipitil sheasta										
T&F										
Eile										
Glanbharrachas oibriúcháin										
Iomlán										
Faisnéis fhorlíontach										
Ionchuir saothair										
Ollfhoirmiú caipitil (sheasta)										
T&F										
Eile										
Glanstoc caipitil (sheasta)										
T&F										
Eile										

Cuntais chosanta sóisialta

- 22.110 Saincheist mhór ó thaobh bheartas eacnamaíoch agus sóisialta na hEorpa de is ea cosaint shóisialta agus an bhaint atá aici le saincheisteanna amhail aósú, cúram sláinte agus eisiámh sóisialta. D'fhonn monatóireacht, réamhaisnéis, anailís agus díospóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna cosanta sóisialta, is gá go mbeadh faisnéis mhionsonraithe incomparáideach cothrom le dáta ar fáil faoi eagrúchán, stádas reatha agus forbairtí maidir le cosaint shóisialta sna Ballstáit agus i dtíortha eile.
- 22.111 Aistrithe i bhfoirm airgid nó aistrithe comhchineáil chuig teaghlaigh nó daoine aonair is ea sochair chosanta sóisialta agus is é is aidhm dóibh na daoine sin a fhuascailt ó roinnt rioscaí nó riachtanas. Baineann na rioscaí nó na riachtanais maidir le cosaint shóisialta leis na feidhmeanna seo a leanas: míchumas, breoiteacht/cúram sláinte, seanaois, marthanóirí, teaghlaigh/leanaí, dífhostaíocht, tithíocht agus eisiámh sóisialta nach bhfuil aicmithe in aon áit eile. Glactar leis i bprionsabal nár cheart oideachas a áireamh mar riosca ná mar riachtanas ach amháin más tacaíocht é do theaghlaigh dhaibhre a bhfuil leanaí acu.
- 22.112 Is trí scéimeanna cosanta sóisialta a chuirtear sochair chosanta sóisialta ar fáil. Is iad cuideachtaí poiblí nó príobháideacha, amhail cistí slándála sóisialta, gníomhaireachtaí rialtais, cuideachtaí árachais, fostóirí poiblí nó príobháideacha agus institiúidí príobháideacha leasa agus cúnaimh shóisialta a dhéanann iad a riar agus a eagrú. Ní gá go mbainfeadh na scéimeanna le hinstitiúidí shonracha, rialacháin shonracha ná le dlíthe sonracha; bíodh is gur minic a bhaineann. Ní ghlactar leis gur cosaint shóisialta iad na scéimeanna sin go léir atá bunaithe go hiomlán ar shocruithe ar leithligh nó na scéimeanna sin ina bhfuil comhaontuithe frithpháirteacha comhuaineacha i gceist.
- 22.113 Glactar leis gur cosaint shóisialta é an caitheas más rud é nach bhfuil comhaontú frithpháirteach déanta ag an bhfostaí ag an am céanna. Baineann sé sin le pinsin scoir agus le pinsin marthanóirí arna n-íoc ag fostóir agus le tithíocht saor in aisce a thairgtear d'fhostaithe ar scor. Glactar leis gur sochair chosanta sóisialta arna soláthar ag an bhfostóir iad pá agus tuarastail a íocann fostóir nuair nach bhfuil fostaí in ann a bheith ag obair le linn tréimhse breoiteachta, máithreachais, míchumais, iomarcaíochta agus mar sin de.
- 22.114 Is éard is scéimeanna atá faoi rialú an rialtais ann, na scéimeanna sin ina ndéanann an rialtas na príomhchinntí ar fad maidir le leibhéal na sochar, na téarmaí a bhaineann lena n-íoc, agus na bealaí a ndéantar an scéim a mhaoiniú. De ghnáth, bunaítear cosaint shóisialta faoi rialú an rialtais le dlí nó le rialachán. Áirítear leis scéimeanna a sholáthraíonn cosaint shóisialta do státseirbhísigh atá ar aon dul leo siúd a sholáthraítear don phobal i gcoitinne trí scéimeanna atá faoi rialú an rialtais. Ní áirítear leis, áfach, na scéimeanna a fhéadfaidh an rialtas a bhunú ina cháil mar fhostóir nach bhfuil a gcontrapháirteanna faoi rialú an rialtais san earnáil phríobháideach.
- 22.115 Samplaí iad seo a leanas de scéimeanna atá faoi rialú an rialtais:
- (a) scéimeanna neamhranníocacha a bhunaíonn rialtas chun a dhualgas sóisialta ginearálta a chomhlíonadh, amhail scéim tacaíochta ioncaim i gcomhair daoine dealbha nó scéim sochair cíosa;
 - (b) scéimeanna arna réachtáil ag cistí slándála sóisialta;
 - (c) scéimeanna a bunaíodh ar dtús san earnáil phríobháideach agus ar ghlac an rialtas freagracht astu ina dhiaidh sin.
- 22.116 Samplaí iad seo a leanas de scéimeanna nach bhfuil faoi rialú an rialtais:
- (a) scéimeanna atá á réachtáil ag institiúidí neamhbhrabúis, amhail cumainn sochar frithpháirteach, carachumainn agus institiúidí atá á gcomhriar ag na comhpháirteithe sóisialta;
 - (b) scéimeanna atá á réachtáil ag cuideachtaí tráchtála árachais;
 - (c) scéimeanna neamh-uathrialacha atá á réachtáil ag fostóirí; cuimsíonn sé sin scéimeanna cistiúcháin áit a mbíonn cúlchistí ar leithligh sa chlár comhardaithe chun an dliteanas maidir le sochair a íoc sa todhchaí a chumhdach, agus scéimeanna neamhchistithe nach bhfuil cúlchistí ar leithligh acu.
- 22.117 Baineann na cuntais chosanta sóisialta úsáid as faisnéis faoi scéimeanna sonracha ar leithligh d'fhonn forléargas iltoiseach ar chosaint shóisialta a sholáthar, mar a dhéantar cur síos air in *"The European System of Integrated and Social Protection Statistics"*, ESSPROS, Eurostat, 2008. Déanann na cuntais cur síos ar mhéid agus ar chomhdhéanamh na sochar cosanta sóisialta, ar a maoiniú agus ar na costais riaracháin a bhaineann leo. Déantar sochair chosanta sóisialta a aicmiú de réir feidhme, amhail breoiteacht agus seanaois, de réir cineáil amhail i bhfoirm airgid thirime nó i bhfoirm chomhchineáil, agus déantar iad a aicmiú ag brath ar an bhfuil tástáil maoinne ag baint leo nó nach bhfuil. Aicmítear na scéimeanna bunaidh ag brath ar cé acu an scéimeanna faoi rialú an rialtais nó nach scéimeanna faoi rialú an rialtais iad, agus cé acu an scéimeanna bunúsacha nó scéimeanna forlíontacha iad.

- 22.118 I gcás gach scéime cosanta sóisialta ar leithligh, déantar faisnéis a sholáthar faoi ioncam agus faoi chaiteachas agus tugtar réimse iomlán faisnéise cáilíochtúla freisin, amhail faisnéis faoi raon feidhme, maoiniú agus stair na scéime agus na hathruithe móra a rinneadh uirthi le himeacht aimsire.
- 22.119 Tugtar an bunchóras cosanta sóisialta ar an bhfaisnéis chaighdeánach faoi na scéimeanna cosanta sóisialta éagsúla, agus tá roinnt modúl éagsúil ag gabháil leis. I measc na modúl féideartha tá:
- (a) modúl a chumhdaíonn líon na dtairbhíthe pinsean;
 - (b) modúl ar ghlansochair chosanta sóisialta. Cuimsíonn sé sin an tionchar atá ag cánacha agus ag ranníocaíochtaí sóisialta a íocann na tairbhíthe ar na sochair agus an méid a sholáthraítear sochair shóisialta i bhfoirm lacáistí nó laghduithe cánach.
- 22.120 Tá na coincheapa agus na cineálacha aicmithe atá sna cuntais chosanta sóisialta nasctha go dlúth leo siúd atá sa chreat lárnach. An difríocht is mó atá idir na sochair chosanta sóisialta agus na sochair shóisialta sa chreat lárnach is ea an chaoi a áirítear caiteachas ar oideachas mar shochar sóisialta sa chreat lárnach; difríocht eile is ea an chaoi ar féidir aistriú caipitil a bhfuil cuspóir sóisialta leo a áireamh mar shochar cosanta sóisialta. Is féidir le tábla simplí forbheathnaithe, mar atá i dTábla 22.20, na naisc sin a thaispeáint agus is féidir leis forléargas a thabhairt ag an am céanna ar mhéid agus ar chomhdhéanamh na sochar cosanta sóisialta i dtír áirithe.

Tábla 22.20 Forbhreathnú ar shochair (chosanta) shóisialta de réir riosca/riachtanais shóisialta agus idirbhirt

	Breiteacht	Míchumas	Seanaois	Marthanóirí	Clann/ Teaghlach	Fostaíocht/Dif- hostaíocht	Tithíocht	Eisiamh sóisialta g.a.e.	Iomlán na sochar cosanta sóisialta	Oideachas	Iomlán sochar sóisialta na gcuntas náisiúnta
Scéimeanna atá faoi rialú an rialtais											
Sochair slándála sóisialta in airgead i gcomhchineál											
Sochair slándála sóisialta in airgead i gcomhchineál ó tháirgeoirí margaidh i gcomhchineál mar aschur eile neamh-mhargaidh											
Sochair chosanta sóisialta eile (e.g. aistrithe caipitil ag an rialtas)											Folamh de réir an tsainm
I omlán na sochar cosant a sóisialt a atá faoi rialú an rialtais											
Scéimeanna nach bhfuil faoi rialú an rialtais											
Socha ir phinsin (cistith e)											
Sochair árachai s shóisialta phríobháí dígh eil e											
Sochair shóisialt a fost ai the neamhchi stithe (lena n-áirítear sochair an rialtai s)											
Sochair chúnamh shóisialt a chomhchineáil ag INBFT											
Sochair chosanta sóialta eile											Folamh de réir an tsainm
I omlán na sochar cosant a sóisialta eile											
I omlán na sochar cosant a sóisialt a											

- 22.121 Cuireann na naisc dhlútha idir staidreamh caighdeánach na gcuntas náisiúnta agus staidreamh cosanta sóisialta deiseanna ar fáil le haghaidh an dá chineál staidrimh. Ó thaobh staidrimh chosanta sóisialta de, féadfar iad a chur i gcomparáid le staidreamh oifigiúil an gheilleagair náisiúnta amhail staidreamh ar fhás eacnamaíoch agus ar airgeadas poiblí. Féadtar staidreamh na gcuntas náisiúnta arna mhiondealú de réir scéime cosanta sóisialta a úsáid freisin le féachaint an bhfuil an staidreamh cosanta sóisialta iomlán agus iontaofa. Is féidir an próiseas maidir le tiomsú an dá chineál staidrimh a nascadh le chéile chun costais tiomsaithe a laghdú, chun iontaofacht a mhéadú agus chun deiseanna nua a sholáthar amhail staidreamh cosanta sóisialta a dhéanamh chomh tráthúil le staidreamh na gcuntas náisiúnta⁽¹⁾. Baineann buntáistí dá samhail leis na cuntais náisiúnta. Tá sé furasta go leor na cuntais chosanta sóisialta a fháil ó chuntais na n-earnálacha agus ón tábla maidir le caiteachas rialtais de réir fheidhmeanna COFOG agus úsáidtear iad chun beartas eacnamaíoch agus sóisialta a chruthú. Lena chois sin, féadfar iad a úsáid le féachaint an bhfuil figiúirí na mbunchuntas náisiúnta, amhail sochair shóisialta agus ranníocaíochtaí, iontaofa agus iomlán.
- 22.122 Foilsíonn an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta sonraí faoi chaiteachas sóisialta de réir scéime sa Bhunachar Sonraí Caiteachais Shóisialta, SOCX chomh maith. Bailíonn sé na sonraí maidir le tíortha lasmuigh den AE agus cuireann Eurostat sonraí ar fáil don Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta faoi chaiteachas na mBallstát ar chosaint shóisialta. Gné shonrach d'obair na heagraíochta ar chaiteachas sóisialta is ea an bhéim a leagann sí ar chomparáid idirnáisiúnta a dhéanamh ar ghlanchaiteachas sóisialta; áirítear leis sin coigeartú i leith an tionchair atá ar thomhaltas teaghlach ag na difríochtaí idir chánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí.

Cuntais turasóireachta

- 22.123 Tugtar forbhreathnú sa chuntas satailíte turasóireachta⁽²⁾ den soláthar agus úsáid earraí agus seirbhísí do chineálacha áirithe turasóireachta agus an tábhacht a bhaineann leo maidir le fostaíocht intíre, comhardú na n-íocaíochtaí, cúrsaí airgeadais an rialtais agus ioncam pearsanta agus ioncam gnó.
- 22.124 Is ionann “an Turasóireacht” agus na gníomhaíochtaí a dhéanann daoine agus iad ag dul ar thuras chuig áiteanna lasmuigh dá ngnáth-thimpeallacht agus ag fanacht sna háiteanna sin ar feadh níos lú ná bliain amháin, nuair nach é a bpríomhchuspóir a bheith fostaithe ag eintiteas cónaitheach san áit sin ar a dtugann siad an chuairt. Áirítear i ngníomhaíochtaí den sórt sin gach a ndéanann turasóirí agus iad ag ullmhú le haghaidh turais, nó gach a ndéanann siad le linn an turais. Níl “an Turasóireacht” teoranta do ghnáthghníomhaíochtaí turasóireachta amhail turas cuartaíochta, saoire faoin ngrian agus cuairt a thabhairt ar láithreáin. Féadfaidh taisteal chun críche gnó agus chun críche oideachais agus oiliúna a bheith mar chuid den turasóireacht freisin.
- 22.125 Bíonn an-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí éagsúla de thoradh turasóireachta agus bíonn cúrsaí iompair, cóiríochta agus seirbhísí bia an-tábhachtach sa chomhthéacs sin. D'fhonn inchomparáideacht idirnáisiúnta turasóireachta a bhaint amach, déantar táirgí saintréitheacha turasóireachta a shainmhíniú mar tháirgí nach mbeadh ar fáil i bhformhór tíortha, nó a mbeadh laghdú suntasach ar na leibhéil tomhaltais a bhaineann leo, mura mbeadh cuairteoirí ag tarraingt ar na tíortha sin, agus ar táirgí iad a bhféadfaí faisnéis staidrimh a fháil fúthu. Catagóir iarmharach iad táirgí a bhfuil baint éigin acu leis an turasóireacht, lena n-áirítear na táirgí sin a aithnítear i dtír amháin go bhfuil baint shonrach acu le turasóireacht, bíodh is nach n-aithnítear é sin ar fud an domhain.
- 22.126 Maidir le cuid de na seirbhísí a sholáthraítear chun críoch turasóireachta, amhail cóiríocht i ndara áras cónaithe nó iompar i mótarfheithiclí, d'fhéadfaí iad sin a tháirgeadh i méideanna suntasacha ar bhonn féinchuntais. Mar sin féin, bíodh is go nglactar le seirbhísí tithíochta féinchuntais mar tháirgeadh sa chreat lánach, ní glactar leis gur táirgeadh iad na seirbhísí iompair a tháirgeann teaghlach chun a leasa féin. Moltar an gnás sin a leanúint sa chuntas satailíte turasóireachta. Sna tíortha sin, áfach, ina bhfuil méid suntasach seirbhísí iompair féinchuntais, féadfaidh siad iad a thaispeáint ar leithligh sa chuntas turasóireachta.
- 22.127 Is é tomhaltas cuairteoirí de réir teaghlach, rialtais, institiúide neamhbhrabúis a fhónann do theaghlach agus gnóthais an príomhthomhas chun cur síos a dhéanamh ar an éileamh ar thurasóireacht. Áirítear na gnéithe seo a leanas:
- caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach cuairteoirí in airgead;
 - caiteachas comhchineáil cuairteoirí ar thomhaltas críochnaitheach, amhail seirbhísí tithíochta féinchuntais;
 - aistrithe sóisialta turasóireachta comhchineáil, amhail seirbhísí indibhidiúla neamh-mhargaidh á gcomhghabháil ag cuairteoirí, lena n-áirítear seirbhísí sláinte spá agus seirbhísí neamh-mhargaidh iarsma-lainne;
 - speansais ghnó turasóireachta. Áirítear leis seo speansais turasóireachta a aicmítear mar thomhaltas idirmheánach agus ní áirítear leis speansais eile ar nós speansais fostaithe ar thurais ghnó atá á n-íoc ag gnóthais, amhail íocaíochtaí i gcomhair béilí a láimhseáiltear mar luach saothair comhchineáil. Dá thoradh sin, ní ionann speansais ghnó turasóireachta agus tomhaltas iomlán cuairteoirí atá ar thurais ghnó;

⁽¹⁾ Tá an tráthchlár maidir le scaipeadh CESICS sainithe le Rialachán (CE) Uimh. 458/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Aibreán 2007 maidir leis an gcóras Eorpach staidrimh iomlánaíthe i ndáil le cosaint shóisialta (CESICS) (IO L 113, 30.4.2007, lch. 3).

⁽²⁾ Féach Eurostat, ECFE, UNSD, UNWTO, *Cuntas Satailíte Turasóireachta: Creat Modheolaíochta arna Mholadh*, 2008.

- (e) ina theannta sin, d'fhonn béim a leagan ar thábhacht na mbeart a dhéanann údaráis phoiblí d'fhonn timpeallacht fhabhrach a chruthú chun turasóireacht a fhorbairt, moltar tomhas sonrach a dhéanamh ar luach comhiomlánaithe thomhaltas comhchoiteann na turasóireachta. Baineann sé seo le gníomhaíochtaí amhail an cur chun cinn a dhéanann aonad de chuid an rialtais ar thurasóireacht, ord agus slándáil phoiblí a choinneáil agus spásanna poiblí a chothabháil.
- 22.128 Is féidir soláthar agus úsáid earraí agus seirbhísí chun críoch turasóireachta, mar aon le breisluach agus an fhostaíocht a ghineann turasóireacht, a thaispeáint i dtábla soláthair agus úsáide a dhéanann idirdhealú idir táirgí agus tionscail shaintréitheacha na turasóireachta agus na táirgí a bhaineann le turasóireacht.
- 22.129 Féadfaidh tíortha tuilleadh dí-chomhbhailithe a dhéanamh ina gcuntais satailíte turasóireachta agus cur síos tipiciúil a thabhairt ar a margaí, bunaithe ar an tréimhse fanachta, ar chuspóir na cuairte, ar shonraí faoi na cuairteoirí, mar shampla an cuairteoirí intíre nó idirnáisiúnta iad.
-

CAIBIDIL 23

AICMITHE

RÉAMHRÁ

- 23.01 Tá na haicmithe ar fad i CCE 2010 i gcomhréir go hiomlán le códú nua CCN 2008, le NACE Rev.2, le CPA 2008 (ag na leibhéil chomhiomlánaithe a úsáidtear sa chlár um tharchur sonraí), le COFOG, le Coicop, le COPNI agus le COPP. Níor tugadh isteach ach líon an-teoranta de chóid bhreise.
- 23.02 Tá struchtúr na gcuntas bunaithe ar líon beag eilimintí coincheapúla, go háirithe earnálacha, idirbhearta agus aicmithe de na hítimí atá faoi réir idirbheart agus sreafaí eile, go háirithe sócmhainní agus dliteanais. Tá aicmiú ordlathach ann le haghaidh gach ceann de na heilimintí sin. Is féidir na cuntais a thiomsú ar leibhéil éagsúla, roinnt acu níos mionsonraithe ná a chéile, trí leibhéil níos airde nó níos ísle de na hordlathais sin a úsáid.
- 23.03 Roinntear na hiontrálacha sna cuntais i gcineálacha, agus tugtar gach cineál le fios le litir amháin nó le dhá litir mar a léirítear thíos:
- (a) cóid S a bhaineann le hearnálacha;
 - (b) cóid P a bhaineann le hidirbhearta táirgí;
 - (c) cóid NP a bhaineann le hidirbhearta sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais;
 - (d) cóid D a bhaineann le hidirbhearta dáileacháin;
 - (e) cóid F a bhaineann le hidirbhearta sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais;
 - (f) cóid K a bhaineann le hathruithe eile ar shócmhainní;
 - (g) cóid B a bhaineann le hítimí comhardaithe agus glanfhíúchais;
 - (h) cóid L a bhaineann le hiontrálacha sa chlár comhardaithe;
 - (i) cóid AN a bhaineann le sócmhainní neamhairgeadais (táirgthe agus neamhtháirgthe araon);
 - (j) cóid AF a bhaineann le stoic de shócmhainní airgeadais agus de dhliteanais airgeadais.
- 23.04 Ar mhaithe le cur chuige táirgeachta a úsáid i leith OTI, i leith na dtáblaí de réir tionscail agus i leith an chreata ionchuir-aschuir, baintear úsáid as dhá aicmiú Eorpacha: NACE Rev. 2 do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus CPA 2008 do tháirgí de réir gníomhaíochta eacnamaíche. Níl i NACE Rev. 2 ach leagan Eorpach den ISIC Rev. 4. Chomh maith leis sin, ar mhaithe le cur chuige caiteachais a úsáid i leith OTI, úsáidtear CPA 2008, COFOG (aicmiú caiteachais de réir cuspóra: aicmiú fheidhmeanna an rialtais) agus Coicop (aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra); tá an dá aicmiú deiridh leagtha síos ag na Náisiúin Aontaithe.
- 23.05 Seachas COFOG agus Coicop, áirítear sna haicmithe de réir feidhme freisin COPNI (aicmiú chuspóirí na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh) agus COPP (aicmiú eisíocaíochtaí táirgeoirí de réir cuspóra). Úsáidtear na haicmithe sin chun anailís a dhéanamh de réir feidhme ar chaiteachas na gcorparáidí, ar an rialtas, ar na teaghlaigh agus ar institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh agus i gcomhair cuntas satailíte de réir feidhme.

AICMIÚ EARNÁLACHA INSTITIÚIDEACHA (s)

S.1	Geilleagar iomlán ⁽¹⁾
S.11	Corparáidí neamhairgeadais
S.11001	Corparáidí poiblí neamhairgeadais
S.11002	Corparáidí príobháideacha náisiúnta neamhairgeadais
S.11003	Corparáidí neamhairgeadais faoi rialú eachtrach
S.12	Corparáidí airgeadais
S.121	An banc ceannais ⁽²⁾ (poiblí)

S.122	Corparáidí glactha taisce, ach amháin an banc ceannais (²)
S.12201	Poiblí
S.12202	Príobháideach náisiúnta
S.12203	Faoi rialú eachtrach
S.123	Cistí margaidh airgid
S.12301	Poiblí
S.12302	Príobháideach náisiúnta
S.12303	Faoi rialú eachtrach
S.124	Cistí infheistíochta neamh-CMA
S.12401	Poiblí
S.12402	Príobháideach náisiúnta
S.12403	Faoi rialú eachtrach
S.125	Idirghabhálaithe airgeadais eile, cé is moite de chorparáidí árachais agus cistí pinsin
S.12501	Poiblí
S.12502	Príobháideach náisiúnta
S.12503	Faoi rialú eachtrach
S.126	Corparáidí cúntacha airgeadais
S.12601	Poiblí
S.12602	Príobháideach náisiúnta
S.12603	Faoi rialú eachtrach
S.127	Institiúidí airgeadais agus iasachtóirí faoi chuing
S.12701	Poiblí
S.12702	Príobháideach náisiúnta
S.12703	Faoi rialú eachtrach
S.128	Corparáidí árachais (³)
S.12801	Poiblí
S.12802	Príobháideach náisiúnta
S.12803	Faoi rialú eachtrach
S.129	Cistí pinsin (³)
S.12901	Poiblí
S.12902	Príobháideach náisiúnta
S.12903	Faoi rialú eachtrach
S.121 + S.122 + S.123	Institiúidí airgeadais airgeadaíochta
S.13	An rialtas ginearálta

S.1311	An rialtas láir (gan cistí slándála sóisialta a áireamh)
S.1312	An rialtas stáit (gan cistí slándála sóisialta a áireamh)
S.1313	An rialtas áitiúil (gan cistí slándála sóisialta a áireamh)
S.1314	Cistí slándála sóisialta
S.14	Teaghlaigh
S.141	Fostóirí
S.142	Oibrithe féinchuntais
S.143	Fostaithe
S.144	Faightheoirí ioncaim ó mhaoin agus ó aistrithe
S.1441	Faightheoirí ioncaim ó mhaoin
S.1442	Faightheoirí pinsean
S.1443	Faightheoirí ioncaim ó aistrithe eile
S.15	Institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh
S.15002	Príobháideach náisiúnta
S.15003	Faoi rialú eachtrach
S.2	An chuid eile den domhan
S.21	Ballstáit, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh
S.211	Ballstáit an Aontais Eorpaigh
S.2111	Ballstáit an limistéir euro
S.2112	Ballstáit atá lasmuigh den limistéar euro
S.212	Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh
S.2121	An Banc Ceannais Eorpach (BCE)
S.2122	Institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha, ach amháin an BCE
S.22	Tíortha nach Ballstáit iad agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil cónaitheach san Aontas Eorpach

(¹) I gcás gach cód in earnálacha S.11 agus S.12, tagraíonn an 5^ú digit 1/2/3 do phoiblí/phríobháideach náisiúnta/faoi rialú eachtrach faoi seach.

(²) Is do S.12B a fhreagraíonn an Banc Ceannais (S.121) móide corparáidí glactha taisce, ach amháin an banc ceannais (S.122).

(³) Is do S.12I a thagraíonn corparáidí árachais (S.128) móide cistí pinsin (S.129).

AICMIÚ IDIRBHEART AGUS SREAFÁÍ EILE

Idirbhearta táirgí (P)

P.1	Aschur
P.11	Aschur margaidh
P.119	Seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach (FISIM)
P.12	Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse
P.13	Aschur neamh-mhargaidh

P.2	Tomhaltas idirmheánach
P.3	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach
P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair
P.32	Caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann
P.4	Tomhaltas críochnaitheach iarbhír
P.41	Tomhaltas aonair iarbhír
P.42	Tomhaltas comhchoiteann iarbhír
P.5	Ollfhoirmiú caipitil/P.5n Glanfhoirmiú caipitil
P.51g	Ollfhoirmiú caipitil sheasta
P.511	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní seasta
P.5111	Éadálacha sócmhainní seasta nua
P.5112	Éadálacha sócmhainní seasta atá ann cheana
P.5113	Diúscairtí sócmhainní seasta atá ann cheana
P.512	Costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe
P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta (-)
P.51c1	Ídiú an chaipitil sheasta ar ollbharrachas oibriúcháin (-)
P.51c2	Ídiú an chaipitil sheasta ar ollioncam measctha (-)
P.51n	Glanfhoirmiú caipitil sheasta
P.52	Athruithe ar fhardail
P.53	Éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara
P.6	Onnmhairí earraí agus onnmhairí seirbhísí
P.61	Onnmhairí earraí
P.62	Onnmhairí seirbhísí
P.7	Allmhairí earraí agus allmhairí seirbhísí
P.71	Allmhairí earraí
P.72	Allmhairí seirbhísí

Idirbhearta sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (cóid NP)

Is féidir na cóid a úsáidtear d'idirbhearta sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais a dhí-chomhbhailiú níos faide, má theastaíonn sin, trí aicmiú sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais, AN.2, a chur isteach mar cheangaltán

NP	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe
NP.1	Éadálacha lúide diúscairtí acmhainní nádúrtha
NP.2	Éadálacha lúide diúscairtí conarthaí, léasanna agus ceadúnas
NP.3	Ceannacháin lúide díolacháin cáilmheasa agus sócmhainní margaíochta

Idirbhearta dáiliúcháin (D)

D.1	Cúiteamh d'fhostaithe
D.11	Pá agus tuarastail
D.12	Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí
D.121	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí
D.1211	Ranníocaíochtaí iarbhír pinsin fostóirí
D.1212	Ranníocaíochtaí iarbhír neamhphinsean fostóirí
D.122	Ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí
D.1221	Ranníocaíochtaí barúlacha pinsin fostóirí
D.1222	Ranníocaíochtaí barúlacha neamhphinsean fostóirí
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí
D.21	Cánacha ar tháirgí
D.211	Cánacha de chineál breisluacha (CBL)
D.212	Cánacha agus dleachtanna ar allmhairí gan CBL a áireamh
D.2121	Dleachtanna allmhairiúcháin
D.2122	Cánacha ar allmhairí gan CBL agus dleachtanna a áireamh
D.214	Cánacha ar tháirgí ach amháin CBL agus cánacha ar allmhairí
D.29	Cánacha eile ar tháirgeadh
D.3	Fóirdheontais
D.31	Fóirdheontais ar tháirgí
D.311	Fóirdheontais ar allmhairí
D.319	Fóirdheontais eile ar tháirgí
D.39	Fóirdheontais eile ar tháirgeadh
D.4	Ioncam ó mhaoin
D.41	Ús
D.42	Ioncam dáilte corparáidí
D.421	Díbhinní
D.422	Aistarraingtí as ioncam samhailchorparáidí
D.43	Tuilleamh athinfheistithe ó infheistíocht dhíreach eachtrach
D.44	Ioncam eile ó infheistíocht
D.441	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais
D.442	Ioncam ó infheistíocht atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsean
D.443	Ioncam ó infheistíocht atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhinfheistíochta

D.4431	Díbhinní atá inchurtha i leith scairshealbhóirí i gcistí comhfhéistíochta
